BEATHA
THEOBALD WOLFE TONE

THEOBALD WOLFE TONE.

Drawn on Stone by C. Hullmandel, from a Portrait by Catherine Sampson Tone.

Ón gcéad eagrán a foillsigheadh i Lonndain fén ainm "MEMOIRS OF WOLFE TONE." *Henry Colburn d'fhoillsigh,* 1827.

BEATHA THEOBALD WOLFE TONE

MAR DO FRÍTH 'NA SCRÍBHINNÍ FÉIN AGUS
I SCRÍBHINNÍ A MHIC

AGUS

AR N-A THIONNTÓDH GO GAEDHILG
DO
PHÁDRAIG Ó SIOCHFHRADHA

An Dara Cur-amach

LE CEANNACH TRÉ AON DÍOLTÓIR LEABHAR, NÓ DÍREACH Ó
OIFIG DÍOLTA FOILLSEACHÁIN RIALTAIS
5 SRÁID THOBAIR PHÁDRAIG, BAILE ÁTHA CLIATH, C.5
1937.

MUINNTIR CHATHAIL
CLÓDÓIRÍ
BAILE ÁTHA CLIATH

NÓTA.

Tá insa leabhar so aistí agus dialanna do scríobh Theobald Wolfe Tone ins na blianta idir 1791 *agus* 1798, *'na thaobh féin agus i dtaobh na n-imeachtaí agus na ngnóthaí, idir phoiblidhe agus phríobhdáideach, go raibh sé páirteach ionnta. Tá ann mar aon leo san nithe do scríobh a mhac chun na bearnacha a líonadh a thárlaidh i dtuairisc an athar nó de dheascaibh cuid de na dialanna a scríobh sé a bheith caillte. An leabhar a chuir a mhac, Uiliam, i n-eagar, agus a foillsigheadh i Washington sa bhliain* 1826, *is é is bun úghdaráis leis an aistriúchán so. Níor bhacas leis na paimpléidí ná na meamraim pholaitidheachta atá sa leabhar san de bhrí a fhaid agus a thruime a bhí an saothar so d'á n-iongnais, agus de bhrí ná fuil aon léiriú nua ionnta ar thuairimí ná ar mheon an té a scríobh iad seachas mar atá cheana le fagháil nó le tuigsint insna dialanna. Thugas* Beatha *mar thideal coitchionn ar an meascradh le 'chéile.*

Níor leanas de'n órd a bhí ar na hadhbhair san mbuinleabhar ná i n-aon aitheagrán de d'ár foillsigheadh ó 1826. *Tá athórd curtha ortha d'fhonn iad a bheith i ndiaidh a chéile i gcóimhfhreagairt do ghluaiseacht na haimsire. Táid roinnte 'na rannaibh i bhfuirm caibidlí, fé thidil agus fo-thidil. D'fhonn cabhair a thabhairt do'n léightheoir chun nithe dírithe d'aimsiú, tá na nithe deiridh sin ar fad bailíthe i dtosach an leabhair i bhfuirm cláir, i n-ionad an index nárbh fhiú, dar liom, a chur le haistriúchán mar seo.*

AN tAISTRITHEOIR.

BEATHA WOLFE TONE

NA RANNA

I. *ÓIGE WOLFE TONE* 1

Tuairisc ar a mhuinntir, ar a dheartháracha agus ar a dheirfír. Tone ar scoil. A bheagdhícheall chun foghluma. Suim i saighdiúireacht. A dhul go Coláiste na Tríonóide.

II. *TÓNE 'NA FHEAR ÓG* 12

A phósadh san mbliain, 1785. *Easaontas le muinntir a chéile. Réabadh tighe a athar le ropairí. Tone do dhul go Lonndain d'fhoghluim dlí. An coilín mileata a mhol sé do Phitt a chur ar bun san Muir Deisceart-aigh. An iarracht a thug ar dhul 'na shaighdiúir fé'n gCualacht OirIndiathach.*

III. *TOSACH AG TONE LE POLAITIDHEACHT* .. 21

Club na Whigeanna agus paimpléid Tone. Seoirse Ponsonby. An dara paimpléid. Tomás Ruiséall. An tigh beag agus an chuideachta san nGaedhealbhaile. An club polaitidheachta agus na daoine bhí air. Tuairim Tone ar an Ruiséallach, Tomás Addis Emmet, Whitley Stokes, Seoirse Knox, Peadar Burrowes.

IV. *POLAITIDHEACHT AGUS DREAMA NA hÉIREANN,* 1790-1791 36

Na trí dreama—Protastúnaigh, Dí-aontaigh agus Catoilicigh. Árd-choiste na gCatoiliceach. An mhúscailt a thug Réabhlóid na Frainnce ar chúrsaí poiblidhe i nÉirinn. Ceist na gCatoiliceach. Risteárd de Búrc. Tone do ghabháil le dream na gCatoiliceach.

l.

V. CUMANN NA nÉIREANNACH nAONTAITHE 49
An chéad turas ag Tone go Béal Feirste. A theagmháil le Mac Néighill, na Simmsaigh, Singclair agus Mac Cába. Club d'Éireannaigh Aontaithe i mBéal Feirste. Club eile i mBaile Átha Cliath. Séamas Napper Tandy. Tandy ar a sheachaint. Tone agus an Ruadhánach san mbearnain. Míoshásamh Phonsonby agus na Whigeanna le Tone. Diúltú sa Phairliméid d'athchuinghe na gCatoiliceach. Gléas nua oibre d'á cheapadh ag na Catoilicigh. Tone do cheapadh 'na leasrúnaidhe d' Fhochoiste na gCatoiliceach.

VI. TONE 'NA LEASRÚNAIDHE DO CHOISTE NA gCATOILICEACH 59
Cóimhfhreagairt le Risteárd de Búrc. Aithleasú d'á dhéanamh ar chórú na gCatoiliceach. Turas go Béal Átha na Sluagh. Bithiúnaigh bóthair ag geata Pháirc an Fhionnuisce. "Cogadh na rún." Cur an "Northern Star," ar bun. Fás ar an muinnteardhas idir Dí-aontaigh agus Catoilicigh. Cruinniú mór ag Halla an Lín i mBéal Feirste, Iúl, 14, 1792.

VII. TUAIRISC UILIAM T. WOLFE TONE AR SCRÍBHINNÍ A ATHAR 66
Ionnmhas an lintighe d'á chur ar láimh an Dr. Mac Rághnaill, maraon le scríbhinní Tone. Gach ní beagnach do chailliúint tré fhailllighe agus neamhchúram Mhic Rághnaill. Bás Mhic Rághnaill.

VIII. COIDREAMH AR DHREAM BHÉAL FEIRSTE 71
Cuaird ar Bhéal Feirste um Dheireadh Fóghmhair, 1791. An Coiste Rúnda. Na hÉireannaigh Aontaithe. Cruinnithe. Diospóireachtaí ar Cheist na gCatoiliceach. Cúrsaí Línéadaigh. Féile búird agus ól dighe. Dhá leitir do scríobh Wolfe Tone chun a mhná.

IX. BUACHAILLÍ AN AMHSCARNAIGH AGUS NA COSANTÓIRÍ 87
Turas Wolfe Tone go Béal Feirste i Mí Iúil, 1792. Cuarda ar na cláirseoirí. Amhras drochfhuadair ar Wolfe Tone. Léiriniúchadh Óglach. Cruinniú mór ag Halla an Lín. Gáirdeas buaidhe. Diospóireacht ameasc Dí-aontach i dtaobh cabhair a thabhairt le fuascailt Catoiliceach. An t-achrann i Ráth Foirchealláin. Turas ag Tone ann. Cómhrádh le Grattan. Fochoiste na gCatoiliceach agus Risteárd de Búrc. Turas eile go Ráth Foirchealláin. Doicheall ann rómpa. Buachaillí an Amhscarnaigh agus na Cosantóirí. Teacht go hIubhar Cinntrágha.

l.

X. *EADARGHNÓ POLAITIDHEACHTA* 116

Freastal catha do na Grand Júraithe. Cómhráidhte le Grattan, ⁊rl. Cuaird ar Dhiúic Laighean. Scéim Mhic Eochaidh chun dream nua a chur i mbun rialtais. Trácht ar Sheoirse Knox, an Tighearna Abercorn, Tighearna na Sionna, Muinntir Phonsonby, dream Bheresford. Tuairimí Tone i dtaobh scéim Mhic Eochaidh. Beartú ar thuras go Connachtaibh.

XI. *ULLMHÚCHÁN I gCÓMHAIR CÓMHDHÁIL NA gCATOILICEACH*, 1792 132

Turas go Béal Átha na Sluagh. Cruinniú d'uaisle na Gaillimhe agus Mhuigheo chun an córú nua a chur ar bun. "Leitreacha Chesterfield." Bean an tighe ósta. Oideachas do shagairt i nÉirinn. An Dr. Bellew. An Captaen Sweetman. Cómhrádh le Knox i dtaobh scéim Mhic Eochaidh. Soillse cómhgháirdis leis an bhFrainnc. Cruinniú ag Catoilicigh, Deireadh Fóghmhair 31, 1792. Dinnéir. Ól. Óglaigh agus íomháigh an Rí Uiliam. Whigeanna an Tuaiscirt do ghabháil le rúin do cheap Tone. Deacracht a chur ar chonntaethe áirithe taidhleoirí a cheapadh chun na cómhdhála. Ullmhú an dileagra do'n Rí. Iomarbháid 'na thaobh. Cipe nua Óglach do Bhaile Átha Cliath.

XII. *CÓMHDHÁIL NA gCATOILICEACH*, 1792 .. 155

Tuarasgabháil do scríobh Tone ar imeachta na cómhdhála tháinig le 'chéile mí na Nodlag, 1792. Aithleasú ar chórú an Árdchoiste. Impidhe chun an Rí i dtaobh gearánta na gCatoiliceach. Diospóireacht ar mhódh a thíodhlaicthe do'n Rí. Cosnamh clú na gCatoiliceach. Gluaiseacht go Lonndain leis an impidhe chun an Rí. Cáirdeas Iarla Muighe Rátha. An toscaireacht i láthair an Rí. Filleadh abhaile.

XIII. *TAR ÉIS NA CÓMHDHÁLA* 172

Toscaireacht ó Choiste na gCatoiliceach go dtí Hobart, Rúnaidhe, chun éileamh na gCatoiliceach agus toil an Rí a dheimhniú dho. Lagú ar an éileamh agus achrann d'á dheascaibh san gCoiste. Mímhéin idir Mhac Eochaidh agus Tone. Hobart do thíodhlacadh impidhe na gCatoiliceach i láthair na Pairliméide. Cead tugtha dho Bille fuascalta ar Chatoilicigh a thabhairt do láthair. Fuascailt neimhiomlán ann. "An rialú seachtarach" i n-ionad an Choiste. Neamhaontú géar idir lucht an Choiste.

l.

XIV. *ACHT FUASCALTA NA BLIANA* 1793 .. 184
An tAcht um Ghuthaidheacht do Chatoilicigh. Míoshásamh Tone leis. Argóna ó'n dá thaobh i láthair Choiste na gCatoiliceach. Eadarghnóthaí idir iad agus Hobart. Ionnsaithe fé Choiste na gCatoiliceach. An Tighearna Mac Giobúin. Cead ó'n bPairliméid an tArm a mhéadú. Bacadh fós ar Chatoilicigh dul san bPairliméid, ⁊rl. Tairgsint leasaithe ó Sheoirse Knox, agus a thoradh. Áireamh ar mhórlochtaí easnaimh an bhille ag Tone.

XV. *TUAIRISC UILIAM T. WOLFE TONE AR IMEACHTA A ATHAR Ó MHÍ NODLAG,* 1792 *NÓ GUR IMIGH AS ÉIRINN* .. 198
Cómhdháil na gCatoiliceach. Tíorántacht an Rialtais agus gníomhartha an Choiste Rúnda. Ciapadh an phobail. Aigne na ndaoine ag claonadh chun na Frainnce. Éireannaigh Aontaithe ó smacht ag dul le gníomhartha fóirnirt. Liam Mac Siachais. Teagmháil Tone leis-sin agus tuarasgabháil Tone ar a chuid cóimhfhreagartha leis. Triail an tSiachasaigh agus a bhás. Bagairt ar Tone. An cóimhréidhteach a deineadh idir é agus an Rialtas.

XVI. *IMEACHT WOLFE TONE AS ÉIRINN GO hAMERICA* 223
A gheallúint do'n Ruiséallach agus d'Emmet. Gluaiseacht go Béal Feirste. Dúthracht a charad i mBéal Feirste dho. An eachtra thar fairrge san "Cincinnatus." Loingeas Shasana d'á gcosc is d'á gcuardach. Preasáil le lámh láidir ar fhuirinn uile na luinge agus ar mhórchuid fear de'n lucht taistil. Sroichsint go Wilmington. Dul go Philadelphia. Bualadh le Mac Rághnaill agus an Ruadhánach. Agallamh le Taidhleoir na Frainnce. Ar thuairisc feirme. Leitir ó Éirinn ag tathant air dul do'n Fhrainnc. Cur a dhearthár, Artúr, go hÉirinn agus a dhul féin ar bórd luinge do'n Fhrainnc. A theacht go Havre Lá 'le Brighde, 1796.

XVII. *TEACHT WOLFE TONE SAN bhFRAINNC* .. 237
Havre de Grace. "Ganntan bidh." Aisighnaílí. An Coméide. Ar an mbóthar go Paris. Cruth na tíre agus na tuaithe. "Milords Anglais"! Teacht go Paris. Dinnéar san Maison Égalité. Ag an Opera Iphigénie. An ballet. Cuaird ar Thaidhleoir America i bParis agus ar Charles de la Croix. Deallramh na saighdiúirí, agus folachadh ciabh na mban bhFranncach.

l.

XVIII. *I gCÓMHAIRLE LE RIALTAS NA FRAINNCE* 252
De La Croix. Trácht le Madgett ar an gcabhair d'fhónfadh d'Éirinn. Sluagh airm agus Taoiseach mórchlú. Fir le fagháil i nÉirinn dá dtagadh na Franncaigh. Ceist faoi údarás Tone chun labhairt ar son na hÉireann. Tone do scríobhadh an chéad mheamraim ar aiste na hÉirinn. Cómhairle Mhonroe dho dul cruinn díreach go dtí an Directoire Exécutif agus gan bacadh le híochtaráin.

XIX. *AGALLAMH LE CARNOT* 265
Tone do dhul i bhfianaise Charnot. "Timthire na Buaidhe." Cómhrádh le Carnot. Tone do chur síos ar aiste na hÉireann do agus ar an gcabhair a bhítheas a iarraidh. Cuireadh ó Charnot teacht chuige arís. Tone go soimheanmnach. Duchett i dtigh De La Croix. Cómharthaí creidiúna. Cómhrádh le De La Croix i dtaobh méid na cabhrach ba ghábhadh. Teacht thar Éireannaigh i gcabhlach cogaidh Shasana. Tone go dóchasach go ndéanfaí rud éigin. Moill ar aistriúchán ag Madgett. Scéal ar bhás an Mhajor Sweetman. Cuaird ar áiteanna. iomráidhteacha i bParis. Díospóireacht le De La Croix tar éis léigheadh na meamram. Ceist toscaire le cur go hÉirinn. An Opera—" Serment de la liberté."

XX. *AN TAOISEACH Ó CLÉIRIGH* 291
Agallamh ag Tone leis an Taoiseach Ó Cléirigh. Tuairimí agus tuigsint aisteach aige sin i dtaobh na hÉireann, dar le Tone. Cainnteanna le Madgett. Míoshásamh Tone le haon tsagart a chur mar thoscaire go hÉirinn. Eadarghnóthaí Tone le Carnot, Ó Cléirigh, agus Madgett, gan fhios d'á chéile. Ceist cad a dhéanfaí d'Éirinn dá mbuaidhtaí saoirse dhi. Moill ar pháipéir. Othello. Cainnt le hÓ Cléirigh ar uaisle na hÉireann. Ceist cothaithe sluagh airm ó'n bhFrainnc i nÉirinn. Aithscríobhadh ar na meamraim. Scéim Mhadgett chun spioraid ceannairce a mhúscailt ameasc Éireannach i gCabhlach Shasana. Prieur de La Marne. Gléas Tone chun na príosúnaigh Éireannacha a mhealladh ar a thaobh. Tone ag scríobhadh fhorógradh do na Franncaigh fé thuairim a fhoillsithe i nÉirinn le linn teacht innti. An buidéal de'n fhíon Burguinneach.

XXI. *CÚRSAÍ ARMÁLA AGUS RIALTAIS CHOGAIDH I gCÓMHAIR NA hÉIREANN D'Á mBREITHNIÚ* 314
Trácht arís ar thoscaire le cur go hÉirinn. Tone d'iarraidh saighdiúirí foirbhthe. Cainnt ar cé bheadh 'na Thaoiseach Áirdcheannais. Tírghabháil i mBaile Átha Cliath, Béal Feirste, Corcaigh, nó

i gConnachtaibh? Tone ag smaoineamh ar ghradam d'á mhnaoi tar éis na buaidhe. Ag an Opera—Panurge, Drámaidheacht i bParis agus i Lonndain. Eaglais Shain Roch—" an Fête de la Jeunesse." Smachtoiliúint nó díoghrais chun deaghshaighdiúireachta? Pairlimeíd na Frainnce ar siubhal. Tuairim Tone i dtaobh Chouanaigh a scaoileadh fá Éirinn. Trácht arís ar Mhac Síomoin, sagart, a chur go hÉirinn. Tone i bhfeirg mhóir. Cúl tugtha le scéim na Chouanaireachta. Cuaird ar chúirt dhlí. Montauciel na Frainnce agus Montauciel Shasana.

XXII. *LEADRÁN, MÍOSHÁSAMH, MÍOTHUIGSINT AGUS DROICHMHISNEACH* 338

Scéal ar ghabháil daoine i nÉirinn. Uallbhaois agus éad Mhadgett agus an Chléirigh, dar le Tone. Trácht ar dhuine a chur d'iarraidh fios scéil go hÉirinn. Ysabeau. Drochamhras ar an Taoiseach Ó Cléirigh agus gearán air le Carnot. Órdaithe do'n Eichtighearnach. Cómhrádh ag Tone leis an gCléireach. Chouanaireacht do Shasana. Páipéir rúnda caillte—iad fachta arís. Áireamh nirt lucht airm i nÉirinn. Tagairt do chath Mhontenotte agus do chath Mhillesimo. Agallamh leis an Aire De La Croix. Ag an Théâtre Feydeau. Agallamh le Carnot. Tone do luadh Phichegru chun bheith i gceannas. Fios scéil d'á thabhairt ag an gCléireach uaidh. Madgett ag cuardach d'Éireannaigh ameasc príosúnach san bhFrainnc. Fionnraighe agus míoshásamh. Fir óga na Frainnce sula dtéighid san arm agus tar a éis. Beartaithe ag Tone cur fé san bhFrainnc. An Fête des Victoires.

XXIII. *CUR AGUS CÚITEAMH* 371

Lá i Versailles. Forógradh d'á chiorrbhadh. Ráfla ar thírghabháil i nÉirinn. Scailéathan Mhadgett. Tone gan airgead. Páipéir nuachta ó Shasana. Agallamh leis an gCléireach i dtaobh an fheachtais agus i dtaobh ionad san arm do féin. Machtnamh i dtaobh a mhná agus a líntighe. Machtnamh lae cuimhne a bheirthe ag Tone. Tréithe saighdiúra de'n Fhrainnc. Post i n-arm na Frainnce geallta do Tone. Trácht ar chath airm d'Éireannaigh a chur ar bun do. Ganntan airgid. Cáineadh ar mhionuaisle na hÉireann. Ag an Théâtre Feydeau. Tagairt do'n Phápa agus an Dr. Treo. Tuille eolais ó'n gCléireach. Tone d'á iarraidh go dtiubharthaí teist mhaith air féin nuair a raghthaí go hÉirinn. Duckett Géireasnamh airgid. Áthtuairim ag Tone do'n Chléireach. Tuairim Tone do'n Phápa. Uaigneas i bParis. Leitir Tone chun a mhná san " Argus "—an " Argus " gabhtha. Tuirseach de'n leadrán agus de'n uaigneas.

l.

XXIV. *TEACHT HOCHE GO PARIS* 408
Agallamh le Hoche. Ionad Chef de Brigade le fagháil ag Tone. Tone i ndeireadh na feide i dtaobh airgid. An cinéal rialtais a bheadh i nÉirinn. Tone 'na Chef de Brigade. Airgead fé dheireadh, agus dáilchiona bídh. Hoche 'ghá cheistiú i dtaobh daoine i nÉirinn. Cómhairle Tone i dtaobh an cinéal duine a cuirfaí go hÉirinn 'na Thaidhleoir. Leitir ó America ó Hamilton Ó Ruadháin. Ag socrú chun dul go Rennes. Cómhráidhtí le Hoche. An tAimiréal Richery agus cabhlach na Spáine ó Chadiz. Gluaiseacht go Rennes.

XXV. *AN TRÉIMHSE THUG TONE I RENNES* .. 441
Bualadh le Hoche, an Colonel Ó Séaghdha, Mac Síthigh, ⁊rl., i Rennes. Duckett. Filleadh na Spáineach ar Chadiz agus míoshásamh Tone. Ag toghadh ionad tírghabhála i nÉirinn. Cómhrádh ag Tone i dtaobh a chúrsaí féin leis an gColonel Ó Séaghdha. Ag bailiú fóirne luinge. Imnidhe i dtaobh na ndaoine bhí san bpríosún i nÉirinn. Míoshásamh le lucht na luingseoireachta. Iarracht dúnmharbhaithe ar Hoche. Forógraí. An forógradh bréige. Coidreamh dlúth le hÓ Séaghdha. Tone 'na Thaoiseach Conganta. Cáirdiúlacht Hoche. Gluaiseacht ó Rennes go Brest. Scéala ar ghabháil an Ruiséallaigh, Mhic Néighill, ⁊rl., i nÉirinn.

XXVI. *TONE I mBREST* 461
Scríobhadh forógraí i gcómhair mhuinntir na hÉireann, ⁊rl. Scéal bréagach i dtaobh réabhlóide i nÉirinn. Constaicí chun moille ag lucht na luingseoireachta. Ráflaí go raibh Franncaigh i dtír i Sasana ag milleadh is ag argain. Ceist iomluchtaithe na saighdiúirí go hÉirinn. Cur Mhic Síthigh 'na theachtaire rúin go hÉirinn. Scéala ó Bharra St. Leger i dtaobh cúrsaí i nÉirinn. Tone ag soláthair earcach ameasc na bpríosúnach. Míoshásamh leis na Spáinigh. Órdaithe i gcómhair an Cholonel Tate chun Sasana a scrios. Leannán ag Hoche. Droichiontaoibh ag Tone as murchath. Ullmhú chun dul ar bórd luinge. Leitir chun Mrs. Tone.

XXVII *FEACHTAS* 1796 *GO CUAN BHEANNTRAIGHE* 492
Ar bórd an "Indomptable." Tone ag moladh éalódh i longa luaithe le sluagh beag go Cúige Uladh. Hoche 'na aghaidh sin. Moill fhada i gcuan Bhrest. Gluaiseacht ó Bhrest. Teacht go Cuan de Camaret. Tríd an Raz. Céadscaipeadh an chabhlaigh. Hoche agus na hAimiréil Cinn ar iarraidh. Cuid de'n luingeas fáin ar ais arís. Cailliúint an "Séduisant." Scaipeadh arís ar an gcabhlach. Teacht go Cuan

Bheanntraighe. Feitheamh leis an luingeas fáin. Tosach an tséideáin. Scaipeadh ceann ar gceann ar fhuighleach an chabhlaigh. Cómhairlí cogaidh ar bórd. An Taoiseach Grouchy. Imeacht ó Chuan Bheanntraighe agus deireadh leis an bhfeachtas.

XXVIII. *I bPARIS ARÍS TAR ÉIS AN FHEACHTAIS* .. 520
Ar ais go Paris. Cóimhcheilg i n-aghaidh Ghrouchy. Mrs. Tone agus a líontighe tagaithe go Hamburgh. Pósadh deirfíear Tone. Trácht ar fheachtas eile a dhul go hÉirinn. Imnidhe ar Tone i dtaobh sláinte a mhná. Hoche i gceannas airm Shambre et Meuse. Tone do dhul ar an arm céadna. Nuacht agus ráflaí ó Éirinn. Bualadh le Thomas Paine. Tagairt d'Éamonn de Búrc. Gluaiseacht go dtí Cologne. Tagairt do na bailte, rl., ar an slí.

XXIX. *TONE SAN HOLLAINN D'IARRAIDH A MHUINNTIRE* 556
Cologne. Bonn. Tone d'iarraidh dul go Hamburgh. Geallúint Hoche go dtiúbharthaí arís agus arís eile fé dhul go hÉirinn. Cuaird ar na hEaglaisí i gCologne. Leitir chun Mrs. Tone. Gluaiseacht ó Chologne d'iarraidh a mhuinntire. Tuairisc na mbailte agus na dúthaighe ar an slí—Guelders, Nimeguen, Utrecht, Amsterdam, An Hague. Eachtraithe éagsúla a bhain do ar an turas, agus a thuairimí i dtaobh iomad rudaí. Teagmháil le n-a mhuinntir i nGroninguen.

XXX. *AR BÓRD AN CHABHLAIGH SAN TEXEL* .. 586
Nuacht ó Éirinn i dtaobh leathnú na nÉireannach nAontaithe ann, agus ar achrann fóirnirt a thosnú. Scéala i dtaobh ceannairce i gcabhlach Shasana. Tone do bhualadh le Lewines. A gcómhráidhte araon le Hoche. Feachtas d'á ullmhú san Texel ag an bPoblacht Bhatáibheach chun dul go hÉirinn. Hoche, Tone agus Lewines ag an Hague i láthair an Choiste i gcómhair Ghnóthaí Coigcríche. Réidhteach Hoche ar cheist chrosta. An Taoiseach Daendels. Socrú go raghadh Tone leis an gcabhlach Duitseach. Trácht ar fheachtais eile ó'n bhFrainnc. Tuairim Hoche i dtaobh Bhuonaparte. Tone ar bórd an chabhlaigh san Texel. Cabhlach Shasana i mbéal an Texel. Glas cuain le gaoith mhíochóir ar feadh míosa ar an gcabhlach Duitseach. Cómhairleacha agus beartúcháin. Crádh agus éadóchas. Teachtairí ó Éirinn tagaithe ag lorg cabhrach. Turas eile go dtí an Hague. Imeacht Tone ó'n Texel ar ais go dtí Hoche.

l.

XXXI. *BÁS HOCHE* 629
Breoidhteacht agus bás Hoche. Tone scartha le harm Shambre et Meuse. Thar n-ais i bParis. Cómhráidhte ag Tone is Lewines le Barras, Pléville Lepelley agus Talleyrand. L'Armée d'Angleterre do chur ar bun. Droichide ar chabhlach na Hollainne. Cómhráidhte le Buonaparte. Iontaoibh Talleyrand agus Bhuonaparte as Tone.

XXXII. *GNÓTHAÍ I bPARIS SAN EARRACH,* 1798. .. 642
Cómhráidhtí eile le Buonaparte. Athrú ar lucht rialacháin san Hollainn. Tuairimí Tone ar scéal buinreachta do'n Hollainn. Lucht deoraidheachta agus teichte ó Éirinn i bParis. Cóimhcheilig i n-aghaidh Tone is Lewines. Míoshásamh Tone le Tandy agus le Muir. Buonaparte agus na hIacoibínigh. Aithríoghadh agus deoraidheacht an Phápa. Drochaigne Tone do'n Phápa. Míoshásamh Tone le hóráid a thug Tighearna Muighe Rátha i dTigh na dTighearnaí i nÉirinn. Tagarthaí ag Tone ar óráid an Tighearna Mac Giobúin. Scéal ar ghabháil Artúir Uí Chonchubhair agus daoine eile, i Margate Shasana.

XXXIII. *L'ARMÉE D'ANGLETERRE* 656
Scéal ar ghabháil lucht Choiste na nÉireannach nAontaithe i nÉirinn. Geallúint Mherlin agus Bharras i dtaobh Saoirse na hÉireann. Rouen—an Áirdeaglais annsan. Ráflaí ar Bhuonaparte a bheith ag dul do'n Éigipt. Cainnt ar chur na nIúdaidheach ar ais i bPailistín. Scéala i dtaobh troda i nÉirinn. Cáineadh géar ag Tone ar uaisle gallda na hÉireann.

XXXIV. *AG COSAINT HAVRE* 669
Triúr eile de Mhuinntir Tone sa bhFrainnc maraon le n-a líontighe féin. Mearbhall i dtaobh cad a bhí ar aigne Bhuonaparte. Sasanaigh i dtír i n-aice Ostend. Buonaparte i dToulon. Cúl tugtha le hionnsuidhe ar Shasana dar le Tone. Tone d'á chur go Havre mar a raibh cabhlach Shasana ag bagairt. Glór na ngunnaí. An Taoiseach Daendels teichte ó'n Hague. Machtnamh feallsúnta ag Tone de thoradh scéil Dhaendels. Gnó mileata d'á dhéanamh ag Tone.

XXXV. *ÉIRGHE-AMACH AR SIUBHAL I nÉIRINN* .. 684
Scéal ar ghabháil an Tighearna Eadbhard Mac Gearailt i mBaile Átha Cliath. An meas a bhí ag Tone air. Bás an Ghearaltaigh. Tone ag machtnamh ar a sheanchháirde. Dícheall d'á dhéanamh d'iarraidh go gcuirfeadh Rialtas na Frainnce cabhair go hÉirinn. Luingeas na Frainnce ar míthreoir. Cáineadh ar an dream Éireannach i bParis Scéal

catha agus troda ó Éirinn. Cómhrádh le Grouchy agus le Rivaud agus le Kilmaine. Neamhfhonn Rialtais na Frainnce chun dul i bhfiúntar le dream beag a chur uatha. Tone i bhfeirg. Tuille nuachta ó Éirinn agus Tone do dhul d'á dheascaibh go Paris, chun dul chun cainnte leis an Árdchómhairle ann.

XXXVI. *BÁS THEOBALD WOLFE TONE* 698
Scéalta práinneacha ó Éirinn. Ullmhúchán nua san bhFrainnc. Díth gach córach chun brostaithe. Sluaighte beaga le cur anonn. Feachtas Humbert. Feachtas Hardy. Cath i mbéal Locha Súiligh. Tone gabhtha ag a naimde. Tone ós cómhair na Cúirte Mileata. Breith báis air. Iarratas Uí Churráin fé bhrághaid Chúirt Bhinnse an Rí. Na leitreacha deiridh do scríobh Tone. Tone marbh.

BEATHA WOLFE TONE

I

ÓIGE WOLFE TONE
1763–1782.

Tuairisc ar a mhuinntir, ar a dheartháracha agus ar a dheirfír. Tone ar scoil. A bheagdhícheall chun foghluma. Suim i saighdiúireacht. A dhul go Coláiste na Tríonóide.

PARIS, *Lughnasa* 7, 1796.

Ó thárlaidh go mbead i gcionn roinnt laethe ag dul i mbun gnótha nach fios cad é a dheireadh, bainfead feidhm as an tráth atá ar mo thoil agam chun beagán a chur ar pháipéar, im thaobh féin agus i dtaobh mo mhuinntire, a dhéanfaidh adhbhar taithnimh dom chlainn mhac má thagann ar ball ar láimh chuca.

Rugadh mé i mBaile Átha Cliath an 20adh lá de'n Mheitheamh, 1763. Feirmeoir conáigh dob eadh mo sheanathair i n-aice le Nás na Rí i gConntae Chill Dara. Thuit sé lá de stáca d'á chuid féin agus marbhuigheadh é agus tháinig a chuid, fé léas saorghabháltais, ar seilbh m'athar, an mac ba shine leis, a bhí ar an am san go rathmhar i mbun gnótha 'na shaor cóiste. D'á bhrí sin do chuir sé an talamh, a tháinig mar sin chuige, ar cíos chun an dearthár dob óige bhí aige, ní d'á dtáinig iomad de chúrsaí dlí eatartha ar deireadh, gurbh é críoch a bhí ar an scéal ná breithiúntas i gcúirt an tSainsiléara i gcoinnibh m'athar, rud d'fhág beo bocht 'na dhiaidh é—ach tráchtfam air sin arís.

Lamport dob ainm dom mháthair agus inghean dob eadh í do Chaptaen luinge a bhíodh ag tráchtáil do'n India Thoir, agus, do réir na scéalta fuaireas air óm mháthair, duine ar leith dob eadh é. Do bhí deartháir aici a bhí 'na mharaidhe tréitheach agus a bhí 'na

chéad Lieutenant ar bórd an *Buckingham* fé'n Aimiréal Tirrell, oifigeach mórchlú i seirbhís na Breataine.

Mise sinnsear na clainne mac, ach sula dtosnuighead ar mo stair féin ní mór dom beagán a rádh i dtaobh mo dheartháracha. Do ceapadh do Liam, a rugadh i mí Lughnasa, 1764, go raghadh sé le tráchtáil agus, d'á bhrí sin, do cuireadh ar príntíseacht é, i n-aois a cheithre mblian déag, chun reiceadóir cáilmhar leabhar. An fhaid a bhí sé 'na theannta súd do léigh gach a bhfuair d'eachtraithe fairrge agus roinnt de stair mhileata, agus leo san do hadhnadh bruiththeine fé mheon a bhí teasaidhe díoghraiseach ó dhúthchas, i dtreo, i n-aois sé mblian déag do, gur éaluigh leis go Lonndain agus go ndeaghaidh 'na óglach i seirbhís Chualachta an OirIndia ; ach níor éirigh an t-ádh leis san gcéad iarracht san : mar, i n-ionad an India a bhaint amach, is amhlaidh a cuireadh cosc leis ag oileán San Heléna, agus thug sé tréimhse sé mblian ar an lomcharraig sin, ar an lucht cosanta, nó gur fhill sé ar an Eoraip ar bheith d'á théarma caithte. Is mór an chreidiúint do, bíodh go raibh sé i gcoidreamh go hóg ar chuideachtanas de'n chinéal míthréitheach a bhí, ní foláir, le fagháil ameasc na saighdiúirí a bhí i seirbhís na Cualachta, gur ghaibh sé tríotha gan truaillidheacht a nós ná a bprionsabal do ghoilliúint air. Fuair sé faill, fiú amháin, san ionad úiríseal agus san mball uaigneach úd, chun a aigne a shaothrú roinnt, ionnus gurbh iongnadh liom, nuair a casadh i Lonndain orm é, tar éis a bheith scartha linn ocht mbliana, measaim, go bhfuaireas iomchur duine uasail ann, agus eolas cuibheasach aige ar na ranna is fearr de litridheacht an Bhéarla. Do bhí éirim filidheachta ó dhúthchas ann, agus bhí san saothraithe go maith aige agus tá agam, ameasc mo chuid páipéar, leabhar d'á chuid dánta, iad uile go deas agus cuid aca go snasta. Buachaill breágh deighdhéanaimh dob eadh é, é deaghlabhartha, agus taithneamh mór ag mnáibh do agus cion thar cuimse aige-sin ortha-san. Sháruigh sé Oscar ar chalmacht, agus bhí éileamh ar an arm aige. Ní fhéadfadh aon bheirt fhear cion níos dílse agus, dá n-abruighinn é, níos díoghraisighe a bheith ar a chéile aca ná mar bhí ag beirt againn-ne ; agus, ar an uair seo, níl ní is mó ghoilleann orm ná sinn a bheith scartha ó 'chéile.

Tar éis a trí nó a ceathair de bhlianta a chaitheamh san Eoraip, agus m'athair, mar adubhart, go beo bocht tar éis na gcúrsaí dlí do bhí idir é féin agus a dheartháir, bheartuigh Liam dul ag cuardach a fhortúna uair eile do'n India agus, ó bheith dhom féin i ndeireadh na feide i gcúrsaí airgid, níor ghabhas orm a mhalairt a chómhairliú

dho. D'á bhrí sin chuaidh sé ar ais i seirbhís na Cualachta i dtosach na bliana 1792 agus do shroich Madras tuairim deireadh na bliana san. Tré fheabhas a dheighphearsan agus a dheagh-labharthachta, maraon leis na deighthréithe eile d'áirmhigheas a bheith ann, bhuaidh sé céim chómh hárd san i dtuairim Cholonel an chatha 'na dtug sé seirbhís, go dtug súd cead scurtha dho, agus leitreacha chun a cháirde i gCalchuit, agus oifigeachas beag armála maraon leis sin, ní a thug turas gan chostas do. Do sholáthruigh sé 'na theannta san do ó'n gCualacht nuair a shroich ceann cúrsa, caoga púnt airgid mar bhronntanas gradama as ucht a dheighiom-chuir ar an slí. B'é gníomh a dhein sé ná gur chuir sé fé chois ceannairc bhagarthach d'éirigh ameasc na ndubhshaighdiúirí fé 'na riar go raibh rún ceilge ceapaithe aca chun an long a ghabháil agus imeacht léi.

Do cheap an mhuinntir go dtug sé na leitreacha aitheantais chuca i gCalchuit tuairim chómh maith san do gur chuireadar i n-aithne é le mórmholadh do Mhr. Marigny, oifigeach Franncach, an dara duine i n-uachtaránacht an airm ag an Nísam, agus a bhí an uair chéadna i gCalchuit ag ceannach stór armála do'n phrionnsa san. Thug Marigny, as a ucht san, ionad oifigigh do i seirbhís an Nísam agus do gheall ceannas a thabhairt do ar chath ordnáis (an tseirbhís ba rogha leis) chómh luath agus do shroichfidís an t-arm. Nuair a bhí na stóir, 7rl, ceannaithe ghluais Liam leis an gcéad roinn, fé n-a cheannas féin, agus do bhain longphort an Nísam amach gan óspairt. I gcionn tamaill tháinig Marigny, leis, chun cinn, ach, tré óspairt gan choinne, d'imigh leaghadh cubhair na habhann ar an uile adhbhar dóchais d'á raibh ag mo dhearthháir. D'éirigh easaontas idir Mharigny agus an Franncach uachtaráin, agus ní leigfeadh an mhídhiscréid onóra dom dhearthháir gan páirt a ghabháil ar thaobh a charad ann. B'é tháinig as gur cuireadh Marigny i ngéibhne, agus d'imeochadh an íde cheadna ar Liam muna mbeadh é d'éileamh comairce, i leith bheith 'na ghéillsineach do'n Bhreatain, ar an gCómhnaitheach Sasanach i gcúirt an Nísam.

Do chuir an cúrsa san, agus an cogadh d'éirigh idir Shasana agus an Fhrainnc, deireadh thar fóir le haon dóchas a bhí aige go bhfaghadh sé dul chun cinn, agus bheartuigh sé d'á bhrí sin filleadh thar n-ais go Calchuit. Ar an mbóthar do, tar éis cheithre céad míle a chur de, agus dhá chéad míle fós le dul aige, thúirling sé d'á chapall agus chuaidh ag lámhach san mothar ar thaobh na slí. Nuair d'fhill is amhlaidh a bhí ná a sheirbhíseach agus na capaill gabhtha

ag cúigear cneamhairí agus iad ag déanamh foghla ar a chuid bagáiste. Do phreab sé chuca agus scaoil leo agus chuir piléar i mbolg duine aca. Do scaoil duine aca san leis, thar n-ais le ceann d'á phiostail féin, gur ghoin san troigh é. Do bhailigheadar leo annsan leis an tsluid, agus b'éigean dom dhearthair dhá chéad míle a chur de san riocht san, é gonta go holc, gan fagháil ar chongnamh aige san dúthaigh bhrothallaigh sin, agus tosach séasúir na báistighe ann farais sin. Do sheasaimh an misneach agus an corp sláintiúil do agus do shroich sé Calchut fé dheireadh mar a bhfuair sé leigheas gan mhoill.

Ní raibh sé imithe i ndearmad ag a cháirde annsúd agus tar éis tamaill, ó thárlaidh go caothúil Major Palmer ag dul suas go Poonah 'na Chómhnaitheach ag cúirt phésbhá na Mahratach, sholáthruigh-eadar leitreacha adhmholta dho le breith do'n chúirt sin agus ghluais sé i bhfochair Mhajor Palmer fé mhórshláinte agus somhean-main, agus súil aige go mbeadh, ar a luighead, ceannas catha ordnáis aige. Ó shin i leith ní fhuaireas tásc ná tuairisc ar an gcrích d'imigh air* ach tá mo mhuinghin agus mo dhóchas as gur crích fhónta é. Do bhí corp sláintiúil aige agus misneach seasamhach, bhí sé deaghlabhartha agus tá, ní foláir, aibiú tagaithe fé'n am so ar a mheon, agus eolas ar chúrsaí saoghail, ó éagsúlacht na n-eachtraithe thárlaidh do. Táim ag brath le dóchas go mbuailfead arís leis agus is mé bheidh áthastúil de chionn na teagmhála san.

An dara deartháir do bhí agam, Maitiú, níorbh ionann meon do i n-aon chor agus do Liam; ba lugha teasaidhe é agus be mhó go mór de stuaim a bhí ann; ba thostach é agus ba thugtha do mhachtnamh. 'Nár measc féin thugaimís an "Spectator" air, ó ghirreacht a aighthe agus ó'n tost a chleachtadh sé; ach bíodh ná raibh chómh réidhbhriathrach le Liam agus ná tagadh leis, a dhála súd, suaith-inseacht mhór, a bhíodh go minic ar bheagán brí, a dhéanamh, agus bíodh go raibh sé támáilte doghluaiste 'na mheon i slí go mbíodh sé go minic seachmallach i láthair cuideachtan, do bhí spioraid fáin agus díscire ann ba threise ná aoinne againn. Ba mhór aige taisteal, agus eachtraithe, ar a son féin. D'á dheascaibh sin sula raibh sé na cúig bliana fichead slán bhí cuaird Shasana tugtha fé dhó nó trí aige, agus bliain caithte i nAmerica aige, agus an fhaid chéadna ins na hIndiaithe Thiar. Ar fhilleadh ó'n áit deiridh sin do dubhairt sé

* Adeir R. Barra Ó Briain go raibh Liam Tone 'na oifigeach mórchlú i seirbhís na Mahratach agus gur marbhuigheadh i gcath é ag troid fé Holcar, *circa* 1802. ("The Autobiography of Wolfe Tone," Maunsell & Co., Dublin, 1893).

liom go raibh beartaithe aige dul anonn do'n Fhrainnc agus dul 'na óglach i seirbhís na Poblachta. Thugas mo chómhairle agus mo chongnamh do chuige sin. Thárlaidh san i Mí Lughnasa na bliana 1794. Do ghluais sé anonn, máiseadh, go Hamburg, chuaidh as san go Dunkirk agus, ar n-a thairgsint féin dóibh 'na Éireannach gur mhór aige d'onóir cead seirbhíse d'fhagháil i n-armála na Frainnce, do cuireadh láithreach i bpríosún ar amhras é. D'fhan annsan go Bealtaine, 1795, nuair a scaoileadh é ar órdú choiste an chaomhnaithe phoiblidhe, agus, ar dhul go Havre de Grace do, chuaidh sé ar bórd luinge go hAmerica, mar a dtáinig sé slán de'n dara huair um Nodlaig le linn dom féin a bheith, leis, ann ag feitheamh le luing a bhéarfadh do'n Fhrainnc mé; i dtreo go rabhamar araon i nAmerica gan 'fhios d'á chéile, ní is aithreach liom féin go mór: mar, ó'n gcuma atá ar mo chúrsaí-se fé láthair, ní lugha ná baoghal atá ann ná teagmhóchaimís choidhche arís le 'chéile; ach ní dual dom an míodhóchas. Do bhain oiread san eachtraithe dhúinn araon, agus sinn tagaithe slán chómh hilmhinic ó chúrsaí baoghail, go bhfuil cinéal de dháinchreideamh tagaithe dhom agus mar sin tá súil agam go bhfeicfead an lá, agus nára fada go dtí san, nuair bheidh mo mhuinntir ar fad le 'chéile athuair, agus measaim go mbeidh, nó gur ceart go mbeadh, an éirim chun éachta tráighte fé'n am san ionnainn go léir.

Dála Liam tá tréith filidheachta i Maitiú agus cheap sé iarrachtaí beaga de'n cinéal fonómhaideach, agus ní míoshlachtmhar i n-aon chor iad. Buachaill groidhe iseadh é agus tá grádh dílis agam do. Is é a aos, ar láthair na huaire, a sé nó a seacht fichead de bhlianta. Poblachtaidhe dílis dúthrachtach iseadh Maitiú agus thabharfadh sé a bhfuil aige measaim ar son a chuid prionsabal. Ní fheadar conus a ghoill an tréimhse fhada thug sé i bpríosún Franncach air, ach, muna bhfuil dearmhad orm, ní dóigh go dtáinig athrú ar bith ar a mheon d'á dheascaibh. Is mó measardha ar gach slí é ná Liam nó mé féin: mar tá éileamh mór againn-ne araon ar shubhachas agus ar chaitheamh aimsire, agus claonadh chun gaigidheachta ná fuil i n-aon chor annsúd. B'fhéidir ná déanfadh beagán beag de'n locht san aon díobháil do, agus nár lughaide a thaithneamhaighe é.

Is óige go mór mo threas dearthái, Artúr, ná aoinne againn, óir is san mbliain 1782 a rugadh é agus fágann san cheithre bliana déag d'aois anois é. Dar liom, nuair a fhásfaidh sé, is é Liam 'na aithbhreith a bheidh ann, 'na mheon agus 'na phearsain. Buachaill breágh praitiniúil iseadh é, é chómh díomhaoin le lúidín a' phíobaire

(d'árndála go léir siar go heirball), tréithe éascaidheachta ann, agus é chómh dána le leomhan. Do bheartuigh m'athair atúrnae a dhéanamh de agus gan buachaill riamh ar an saoghal ba neamhoiriúnaighe do'n ghairm sin ná é. Ó bhí an éirim ba dhual muinntir do ann chun fánaidheachta, b'é a mhian féin dul le mairnéalacht. Do bhí an t-athair ceanntréan, bhí súd féin amhlaidh, agus ba bhaoghal an buachaill a dhul ar neamhmaitheas nuair d'éirigh liom féin a thathant ar an athair cead a thabhairt é leigean ar mhuireachtra amháin, pé scéal é. D'á bhrí sin d'imigh sé ar luing fara captaen dárbh ainm Moyler do'n Phoirtingéil. Tuairim dhá bhliain déag aoise bhí sé an uair sin. Ar fhilleadh dho do thaithnigh an fhairrge chómh mór san leis go ndeaghaidh sé 'na phríntíseach fé bhannaí chun an Chaptaen Moyler, agus chuaidh sé siúd ar eachtra go Lonndain, agus ar an dara heachtra do'n Phoirtingéil. Ar fhilleadh dho ó'n dturas deiridh sin theagmhuigh sé liom féin i mBéal Feirste le linn dom bheith ag imeacht go hAmerica agus do chinn sé ar dhul liom. Thaithnigh liom é bheith 'nár dteannta agus mar sin ghluais sé thar an aigéan Athlantach arís faram-sa agus d'fhan thall nó gur chinneas ar dhul do'n Fhrainnc, nuair a bheartuigheas é chur go hÉirinn chun a fhógairt dom cháirde annsúd cad a bhí ar siubhal agam. Do chuireas é, d'á bhrí sin, ar bórd an *Susanna* fé'n gCaptaen Baird ag Philadelphia, an 10adh lá de mhí Nodlag, 1795. Ó shin i leith, toisc imeachta an tsaoghail, níorbh fhéidir liom a thásc a chlos, ach tá muinghin agam gur shroich sé ceann cúrsa go slán agus gur chuir sé an gnó a tugadh do chun críche go feidhmiúil discréideach.

Óigbhean álainn iseadh mo dheirfiúr Máire. Tá aici go huile na tréithe meoin atá ionnainn-ne, maraon leis an mánlacht go léir a bhaineann leis na mnáibh. Dá mb'fhear í bheadh sí díreach ar nós duine againn-ne, agus fé mar atá, toisc gur tógadh ameasc bhuachaillí í—óir ní raibh riamh againn ach aon deirfiúr amháin eile, a cailleadh 'na leanbh—tá nós machtnaimh na bhfear tagaithe dhi, gan baint ó'n mbuigeacht bhanda san 'na hiomchur is cuibhe d'á cinéal agus d'á haois. Nuair a cuireadh ar díbirt go hAmerica mé, fé mar inneosad síos annso, bheartuigh sí bheith páirteach im anródh, agus mar sin tá sise leis, ar nós na coda eile againn, tar éis turas an aigéin Athlantaigh a chur di.

Daoine mar chách dob eadh m'athair agus mo mháthair, ach ó'n ngearrthuairisc seo, agus ó'n méid atá agam le cur leis im thaobh féin, is follus, dar liom, nár chosúil a gclann i n-aon chor le daoine

eile, ach go raibh i ngach duine aca spioraid fhiain chun fánaidheachta a bhíonn le fagháil, b'fhéidir, uaireannta i nduine aonair, ach gur annamh a ghabhann sí an chlann uile go fiú na mná. Do bhí cuaird tugtha ag mo dhearthháir Liam ar an Eoraip, an Asia agus an Afraic sara raibh sé triocha. Tá Maitiú tar éis bheith i nAmerica fé dhó, ins na hIndiaithe Thiar turas, gan trácht ar iomad turas go Sasana agus a chuaird agus a thréimhse príosúin san bhFrainnc, agus san uile déanta aige sula raibh sé a seacht fichead. Ar aois a ceathair déag tá turas tugtha cheana ag Artúr ar Shasana, dhá thuras ar an bPoirtingéil agus dhá thuras thar mórmhuir ag dul go hAmerica agus ag filleadh. Tá mo dheirfiúr Máire tar éis dul thar an mórmhuir chéadna agus tá súil agam go ndéanfaidh go luath arís é ag dul thar n-ais abhaile dhi. Ní thráchtaim annso ar mo bhainchéile ná ar ár mbeirt bhuachaillí agus an cailín inghine, ná raibh an té ba shine aca ach ocht mbliana agus an té dob óige dhá bhliain d'aois nuair a sheolamar go hAmerica. Agus, do réir mar chítar dom, níl aon deimhne ann go bhfuil deireadh ar fad le n-ár n-eachtraithe go fóill.

Tráchtfad anois orm féin. Mise, mar adubhart, sinnsear chlainne mo thuismitheoirí, agus ba mhór an bháidh a bhí dhom. Do cuireadh mé i n-aois a hocht nó a naoi ar scoil sármhaith Béarla a bhí ag Sisson Darling, duine go rabhas fé chomaoin mhóir aige tré mhéid a chineáltais agus a dhúthrachta dhom. Do ghaibh sé cúram thar cách díom. Tá urraim agam fós do. Do bhínn an-dhíomhaoin agus ní bhíodh aon rud ach corp náire a ghríosuigheadh chun saothair mé. Mar sin féin nuair a bhíodh na scrúdúcháin phoiblidhe ag druidim linn—bhídís ar siubhal gach ráithe agus bhíodh ár muinntir agus ar gcáirde uile do láthair—do dheininn saothar seal agus d'éirigheadh liom de ghnáth óir tá a sé nó a seacht de dhuaiseanna agam a ghnóthuigheas i mbrainnsí éagsúla ar aon scrúdúchán amháin, as ucht matamaitice, uimhreacht, léightheoireacht, agus cleachtadh na meallchruinne, 7rl. Do theipeadh síorraidhe orm i dhá n-adhbhar léighinn, scríobhadh, agus Teagasc Críostaidhe. Ní fhéadfainn choidhche a thabhairt orm féin staidéar a dhéanamh ar an gceann deiridh aca san.

Tar éis tuairim trí bliana a chaitheamh fara Mr. Darling, agus gabháil tré chúrsa ar urmhór foghluma an Bhéarla, mhol sé go láidir dom athair mé do chur ar scoil Laidne agus mé d'ullmhú i gcómhair na hIolscoile. Do chuir sé i n-úil do gur bhuachaill breágh mé, go raibh éirimí neamhchoitchionnta ionnam, i gcómhair mhatamaitice go róspeisialta, agus go mba mhíle truagh mo thairbhe a

chaitheamh gan mhaitheas i ngairm gnótha nuair ba dheimhnitheach é, dá dtugtaí oideachas fial dom, go dtiocfadh liom bheith im Fellow i gColáiste na Tríonóide, ní ba mhór mar chéim neimhspleádhchais, gan trácht ar an nglóir a leanfadh é. Fuair sé congnamh san tathant san ó Mhinistir an pharóiste, an Dochtúir Jameson, duine cóir a cheistigheadh ó am go ham mé i mbunádhbhar na céimseatan. Níor dheacair do na daoine barántúla san an scéal a chur i bhfeidhm ar m'athair. Chun a cheart féin a thabhairt do san bhí grádh croidhe aige dhom agus chuaidh sé fé gach costas d'á raibh ar a chumas ar mo shon. Do cinneadh go mbeinn-se im Fellow i gColáiste na Tríonóide. Do tógadh ó Mhr. Darling mé agus ba chathach mé ag scarúint leis, agus do cuireadh mé, i n-aois mo dhá bhlian déag dom, fé chúram Uiliam oirmhidneach de Craig, a mhalairt ar fad de dhuine seachas mo chéad oide, ar gach slí. Ó thárlaidh an scoil san tsráid mar a rabhamar chun cómhnaithe (Sráid Stafford), agus ó bhí súil m'athar orm, chromas go díoghraiseach ar an Laidin d'fhoghluim agus do leanas de go dícheallach ar feadh dhá bhlian nuair a thosnuigheas ar Ghréigis, adhbhar is mó a thaithnigh liom. Ach le linn an trátha chéadna san, pé aca tuar mí-áidh nó a mhalairt dómh-sa é, thuit m'athair, tré thionóisc, anuas an staighre gur goineadh go rómhór san gceann é agus gurbh ar éigean a mhair sé 'na dhiaidh. Ar théarnamh do, fuair sé a chuid gnóthaí chómh mór san ar míochóir gur chinn sé ar éirghe ar fad as an tráchtáil agus dul fé'n dtuaith. Do chuir sé an rúnchómhairle sin i gcrích, shocruigh sé le n-a cháirdiúnaigh, chuir sé mise go dtí caraid leis i n-aice na scoile mar ar íoc sé as cothú agus iostas dom, i dteannta allúntas beag a thabhairt dom mar airgead póca.

Ar an gcuma san do bhíos im mhaighistir orm féin sula rabhas sé bliana déag agus, dála mar atá fós féin agam, nach mór é mo cháil le discréid, is furus a mheas gur beag ar fad a bhí agam di an uair sin. Ó bhíos gan feithmheoireacht m'athar ós mo chionn do thómhaiseas, do réir leadránaighe na gluaiseachta bhí fé'n gCraigeach, go mbeadh sé go maith laistigh dem chumas obair na seachtaine dhéanamh i dtrí lá, nó b'fhéidir a dó dá mba ghábhadh, agus d'á bhrí sin gur chreach dhleathach dom an trí lá eile. Do chinneas, mar sin, ar trí lá san tseachtain ar a luighead a chur ar leith i gcómhair caitheamh aimsire agus na trí cinn eile i gcómhair scoile, agus níorbh é mo dhearmhad gan lá an aithchleachtaithe a bheith ar na trí laethe deiridh sin ; bhíodh aithdéanamh ar obair na seachtaine go léir ar an lá san, agus leis an socrú san níor leigeas uaim m'ionad

i dteannta na mbuachaillí eile san rang. Níorbh aon duadh dhom a chur i dtuigsint do leathdosaon dem chómhscoláirí gur chomhthrom an riaradh é sin ar ár gcuid aimsire, agus ar an slí sin chuireamar ar bun scéim deaghchóirithe do'n ní d'á ngairmthear *mitching* agus d'éirigh linn, ar bheith dúinn ar chuid de na buachaillí ba chliste sa scoil, forlámhas d'fhagháil ar aigne an mhaighistir ionnus nuair bhuailimís isteach san scoil i n-aon ghasra amháin, tar éis lae d'ár laethibh scuir, nárbh áil leis dul chun aon spairne le duine ar bith againn, ná scríobhadh oiread agus aon uair amháin chun m'athar chun eolas a thabhairt do ar mo chúrsaí-se, agus gur mór is ion-cháinte d'á chionn san é.

Ní mór dom a rádh mar bhreithiúntas cirt orm féin agus ar mo chómhscoláirí, bíodh go rabhamar go déistineach le díomhaointeas, ná raibh aon dobháilce ionnainn. B'é ár gcaitheamh aimsire siubhal amach fé'n dtuaith, dul ag snámh san bhfairrge agus, thar gach ní eile, bheith i láthair le linn gach lae taispeántais, nó tabhairt amach, nó léirfhéachana dá ndeintaí a chomóradh ag an arm gabháltais i mBaile Átha Cliath i bPáirc an Fhionnuisce. Táim ag tagairt go speisialta do san, óir, i dtaobh amuich de'n chabhair a thug sé chun béas an díomhaointis a phréamú ionnam, rud is aithreach go mór liom, is léir gurbh é sáirdheallramh an armála agus puimp agus taidhse an taispeántais mhileata a chuir ar dtúis ionnam an mian nár traochadh ó shin riamh, chun dul le saighdiúireacht, mian nár thréig mé riamh agus go bhfuil cead anois agam fé dheoidh é shásamh tar éis sé bliana déag de chora an tsaoghail a chur díom. Do bhíos ag druidim an uair sin le haois a seacht déag agus ní scéal doichreidthe orm é a rádh gur thaidhsigh mná dhom a bheith deas, agus do tuigeadh dom go fáidhiúil go mba mhór an congnamh dom cóta dearg agus cnota agus peidhre d'epaulettí óir chun dul i gcómhair na ngaithlean d'á dtugas adhradh.

Thug san, agus na fátha eile do luadhas thuas, socrú cinnte orm. Do chrom sé ar dhul i bhfeidhm orm ná raibh san léigheann Ghréagach ach fastaoim, agus i ngradam Fellow i gColáiste na Tríonóide ach díol truaighe, agus cheapas dar deimhin ná raibh fear sona ar bith ann ach meirgire ar chath coisithe ar slógadh. Uathbhás agus urghráin a bhí orm ag feitheamh leis an uair a bhí ag druidim liom nuair a bheinn ag dul san Iolscoil. Do shéanainn an scoil níos minice ná riamh óir dob' fhearr liom bheith ag faireadh na n-earcach le linn gleacaidheachta ag na Barraicí. Ar deireadh nuair a tuigeadh don oide go bhfaghthaí easbaitheach mé san scrúdúchán le dul san

gColáiste, agus go mbeifaí, d'á dheascaibh sin, 'ghá thabhairt féin cionntach 'na chuid sin de'n aithis, cheap sé go mba cheart do an rud a dhéanamh ba chóir a bheith déanta aige le trí bliana roimhe sin, agus scríobh sé chun m'athar agus thug tuairisc iomlán do ar m'imeachta-sa.

Do tharraing san láithreach connspóid éigcneasta eadrainn. D'fhógruigheas-sa mo mhian chun dul san arm agus mo mhíothaithneamh ainspianta d'aon ghairm le léigheann. Do bhí m'athair chómh ceanntréan liom féin agus, ó eitigh sé go dúlaithe aon chongnamh a thabhairt dom chun mo bheartú-sa a chur chun cinn, ní raibh agam ach géilleadh nó déanamh dála mo dhearthár Liam, rud ná leigfeadh uabhar dom a dhéanamh. Tháinig d'á dhruim sin gur shuidheas athuair go doicheallach chun oibre d'fhonn teacht suas leis an aimsir a shleamhnuigh uaim agus, fé dheireadh, tar éis tamall saothair a bhí go mór i n-aghaidh mo thola, chuas im tháillíocaidhe i gColáiste na Tríonóide i mí Feabhra, 1781, agus gan mé an uair sin ocht mbliana déag slán. B'é m'oide an tOirmhidneach Maitiú Young, an té is mó fuair cion san Iolscoil, agus ceann de scoláirí tosaigh na hEorpa san Matamaitice. Do chromas ar dtúis go meanmnach ar staidéar na Loighice ach thárlaidh go mí-ádhmharach ar an gcéad scrúdúchán riamh dom go dtána fé n-a láimh ag daoi míochuibheasach dárbh ainm Ledwich a thug an duais do dhuine eile, agus gurbh é mo dhíol-sa é fhagháil tré fheabhas mo fhreagraí, i n-ionad na mbreath a tugadh le breallaighe orm.

Níor ghábhadh dhómh-sa i n-aon chor an iarracht ainchirt sin chun mé mhealladh arís ó'n staidéar. D'fhilleas arís ar mo bheartú mileata agus d'athchuingheas ar m'athair treallamh óglaigh do sholáthar dom agus leigean dom dul san Arm Sasanach i nAmerica mar a raibh an cogadh fós ar siubhal. D'eitigh sé mé fé mar bhí déanta aige cheana agus, mar olc air, ní raghainn i n-aice an Choláiste ná ní osclóchainn aon leabhar ach leabhar ar mhileatas. Mar sin dúinn breis agus bliain, i n-earraid go mór le 'chéile mar is iontuigthe, gan aon taobh do ghéilleadh fiú an órdlaigh. Fé dheireadh nuair a chonnac go raibh an cogadh i nAmerica ag druidim chun críche, agus nuair d'ionnsuigh cuid de na cáirde bhí im thimcheall mé, go mórmór an Dochtúir Jameson a luadhas cheana, agus Mr. J. G. Brown a bhí 'na fhomhaighistir i scoil Mhr. Darling, agus a bhí anois 'na dhligheadóir, ghéilleas do'n dara huair agus d'fhilleas arís ar an staidéar tar éis tuairim bliana d'eidirthréimhse a bheith caithte. Toisc mo cheanntréine, bhí mar phionós

orm rang a scaoileadh tharm, mar adeirtar san Iolscoil, sé sin tosnú le rang a tháinig isteach bliain im dhiaidh. Do chleachtainn an staidéar san gColáiste dála mar dheininn san scoil é, sé sin do cleachtainn an díomhaointeas go dtí an nóimeat deiridh. Annsan d'oibrighinn go dian ar feadh coighcíse roimh an scrúdúchán poiblidhe agus tugtaí breatha fónta orm a gcómhnaidhe; agus thairis sin do ghnóthuigheas trí dhuais ins na trí bliana deiridh dem chúrsa. Le linn mo thréimhse san Iolscoil ní rabhas gan eachtraithe fiúntair. Um dheireadh na bliana 1782, chuas im fhear chuidithe d'ógánach dem aitheantas dárbh ainm Foster, a dhein cómhrac aonair le hógánach eile dárbh ainm Anderson. Do bhí sé de'n mhí-ádh air gur chuir sé piléar tré n-a cheann ag Anderson. Dob é bhí 'na chuiditheach ag Anderson ná Liam Armstrong, cara ar leith dom féin, atá anois 'na eaglaiseach mórurraime agus é curtha fé i nDún Geanainn.

Ó bhí cáirde Anderson go hainspianta i bhfeirg le Foster agus liom féin, b'éigean dúinn ar dtúis dul fé cheilt uatha. Ach i gcionn tamaill nuair a mhaoluigh a bhfearg d'fhilleas ar an gColáiste gur óbair do'n ghnó san mé d'ionnarbadh as do'n dara huair agus choidhche. Do triaileadh Foster agus tugadh breith saortha air. Níor cuireadh aon dlí orm féin. Ní raibh aoinne d'á raibh páirteach san ngnó tubaisteach san thar fiche bliain d'aois.

II

TONE 'NA FHEAR ÓG
1785–1788.

A phósadh san mbliain, 1785. *Easaontas le muinntir a chéile. Réabadh tighe a athar le ropairí. Tone do dhul go Lonndain d'fhoghluim dlí. An coilín mileata a mhol sé do Phitt a chur ar bun san Muir Deisceartaigh. An iarracht a thug ar dhul 'na shaighdiúir féin gCualacht OirIndiathach.*

Fé dheoidh, timcheall tosach na bliana 1785, chuireas aithne ar mo bhainchéile. Inghean dob eadh í do Liam Witherington agus chómhnuigheadh sí an uair sin i Sráid Ghrafton i dtigh a seanathar, seaneaglaiseach saidhbhir dárbh ainm Fanning. Do bhíos-sa an uair sin im scoláire tighe san Iolscoil, agus gach lá tar éis an bhéile choitchinn ghabhainn fé bhun na fuinneoige aici, mé féin agus duine éigin dem chómhmhacaibh léighinn. Do bhíos ar mire le grádh dhi agus níor thaise dhi-se, leis, im thaobh-sa, bíodh nár mhór an chomaoin orm, le fírinne, mo chruth pearsan an uair sin, ná indiu. Thárlaidh mar sin sul ar labhramar fiú focal le 'chéile go raibh cion ag fás d'á chéile againn. Ní raibh sise an uair sin na sé bliana déag slán agus bhí an scéimh ainglidhe uirthi. Do bhí deartháir aici a bhí roinnt bhlian níos sine ná í féin. De bhrí gur ghábhadh, chun go bhfaghainn caoi ar choidreamh a dhéanamh ar an liontighe, aithne a chur ar dtúis air sin, níorbh fhada nó gur cheapas seift d'á dtáinig gur cuireadh mé i n-aithne dho. Ó thárlaidh gur sheanmaidhe maith ar an bheidhlín é, agus gur dhuine le ceol mé féin, d'éirigh-eamar cáirdiúil d'á chéile. Ba mhóide é, is iontuigthe, de bhrí nár scaoileas-sa le faillighe aon chaoi chóir a tharraingeochadh a dheighmhéin sin agus deighmhéin an líntighe dom féin. Níorbh fhada gur mhór aca mé. Do bhí mo ghnóthaí annsan ag dul chun cinn go rathmhar. Do bhí an grádh ag dul i méid idir mé féin agus mo mhnaoi, agus ní fada nó gur iarras uirthi mé phósadh. Níor chuireas an scéal i gcead aoinne, mar is maith a bhí 'fhios agam ná beadh fagháil ar a gcead againn. Do thoiligh sise chuige chómh fonnmhar liom féin, agus maidean aoibhinn áirithe, i mí Iúil, d'éaluigheamar le 'chéile agus pósadh sinn. Do bheireas liom go

Magh Nuadhat as an gcathair í ar feadh roinnt laethe, agus nuair a mhaoluigh ar an gcéad racht feirge do maitheadh dúinn ó gach taobh, agus do chuireamar fúinn ar lóistín i gcómhgar tighe sean-athar mo chéile.

Do bhíos annsan, seal beag gearr, chómh sásta agus dob fhéidir. Do bhí im sheilbh an óigbhean álainn d'á dtugas adhradh agus go raibh taithneamh di ag méadú ó'n uair go 'chéile im chroidhe. An grádh fellowship a bhí d'á cheapadh dhom, agus nár thaithnigh riamh liom, do tréigeadh é agus do cinneadh, chómh luath agus bheadh céim baitsiléara le healadhain buaidhte agam go raghainn do'n Teampall ag scrúdú dlí agus go ndéanfaí mé ghairm do'n Bharra. Do leanas, d'á bhrí sin, de'n fhoghluim san Iolscoil agus do bhuadhas mo dhuais deiridh dhá mhí nó trí tar éis mo phósta. I mí Feabhra 1786 do thosnuigheas i gcómhair baitsiléireacht ealadhan agus go luath 'na dhiaidh sin d'éirigheas as an scoláireacht a bhí agam agus d'imigheas ó'n Iolscoil. Ní miste dhom a rádh annso ná rabhas gan roinnt éirime san bhfoghluim agus go n-éireochadh i bhfad ní b'fhearr liom dá mba ná beinn chómh danardha chun díomhaointis. Mo dhúil chun saighdiúireachta ba thrúig le cuid de sin agus, 'na theannta san, an seachmall a bhaineadh dom tríd an gclaonadh agus an meon a bhí geinte ionnam agus d'fhág mé gan chosaint orm féin. Fé mar bhí, ámh, bhuadhas scoláireacht, trí duaiseanna agus trí buinn ó'n gCumann Staire, dream ionmholta go raibh sé d'onóir agam féin bheith im *Auditor* ortha agus, farais sin, críoch do chur le hobair an tseisiúin aca maille re hóráid ó'n gcathaoir, an chomaoin is uaisle is béas leis an gCumann a chur ar aoinne. Damhna uaignis dom cuimhne na laethe thugas san gColáiste ; agus tá fós, agus beidh choidhche, dilghráidh agam d'Iolscoil Bhaile Átha Cliath.

Ach súd cheana. An saoghal socair sásta a bhí d'á chaitheamh agam ar feadh gearrthréimhse tar éis mo phósta ní fhéadfadh sé bheith buan. B'éigean dúinn éirghe as aon choidreamh ar mhuinntir mo chéile de bhrí gur chromadar san ar gach táire agus gach tarcaisne a thabhairt dúinn. D'aistrigheamar d'á dheascaibh sin go tigh m'athar, a bhí le n-a linn sin 'na chómhnaidhe ar an gClaonadh i gConntae Chill Dara. Dob olc a bhí sé 'na chumas súd aon mhuirear breise a chothú. Nílim ag rádh 'na thaobh ach an ceart nuair adeirim gur chuir sé fíorchaoin fáilte rómhainn agus gur chuir sé cóir orainn le cion agus le dúthracht mhóir agus go ndearnaidh a dhícheall, a oiread agus bhí 'na chumas, chun go

dtugaimís i ndearmad an aithis mhór a bhí fachta againn. I gcionn roinnt míos rugadh leanbh inghine dom mhnaoi, ní do mhéaduigh, má b'fhéidir sin, mo ghrádh dhi ní ba mhíle mó.

Ach thárlaidh rud uathbhásach do chuir isteach arís ar an socracht sámh a bhí againn. An 16adh lá de Dheireadh Fóghmhair, 1786, bhris seisear bithiúnach isteach san tigh. Do bhí piostail aca agus a n-aighthe dubhsmeartha. Do chuireadar muinntir uile an tighe fé cheangal agus annsan chromadar ar foghail agus réabadh a dhéanamh ar gach earradh a bhuail leo, go fiú cuirbtheacht neamhthairbheach de shaghas árthaí Sínchré agus gloiní agus scátháin, 7rl., a bhriseadh. Fé dheireadh, i gcionn dhá uair a chluig nuair d'éaluigh seirbhíseach cailín uatha nár éirigh leo a cheangal i gceart, tháinig sceon ionnta agus theicheadar go deithneasach agus d'fhágadar an tigh fé anbhuain agus círéib nach féidir a innsint. Maidir liom féin ní féidir a mheas cad é mar bhíos ag fulang. Go luath san oidhche, agus mé amuich san atrainn, rug na bithiúnaigh orm agus cheangluigheadar mé agus chuadar annsan agus bhriseadar isteach sa tigh. D'fhágadar cneamhaire am fhaireadh-se go raibh peidhre piostal ullamh ar láimh aige. Dá uair a chluig a chaitheas im luighe mar sin i gcómhchlos do'n réabadh a bhítheas a dhéanamh laistigh. Do cheapas go raibh an bás agam ó'n nóimeat go 'chéile, ach do bheirim le fírinne go raibh m'aigne chómh líonta d'anbhuain i dtaobh mo mhná nár mhór i n-aon chor an buaireamh a bhí im thaobh féin orm. Nuair a bhí na cuirbthigh, agus mo ghárda-sa leo, teichte, d'éirigheas im sheasamh ar éigean, thána chun fuinneoige. Do chuireas glaodh asam, ach freagradh ní fhuaireas. Do stad mo chroidhe. Do chuas ó fhuinneoig go fuinneoig ach ní raibh freagradh ar bith le fagháil. Do bhí an cúrsa go hurghránna. Do thosnuigheas ag cogaint na dtéad a bhí am cheangal agus mé i n-aradhna cráidhte, agus deargbhuile orm, mar cheapas gan aon mhearbhall go raibh mo mhuinntir uile sínte marbh istigh san tigh. Ach do fuascluigheadh ó'n uathbhás do-innste agus ó'n gcrádh croidhe mé nuair a chuala guth mo mhná ag glaodhadh as m'ainm orm ó cheann an tighe. Is amhlaidh a thárlaidh, nuair a theich na bithiúnaigh, gur scaoil an mhuinntir istigh a chéile agus gur theicheadar tré fhuinneoig chúil amach. Do bhíodar tamall maith ó'n dtigh sul ar leig sceon dóibh cuimhneamh. Do bhíodar chómh haineolach ar an íde bhí imithe orm-sa agus bhíos-sa 'na dtaobh san. Ar bheith ar an aiste sin dóibh bhí sé de mhisneach ag mo mhnaoi filleadh ar mo lorg-sa agus gan 'fhios aici nach amhlaidh a bhéarfadh na cneamhairí ná raibh

sí ach tar éis na cosa bhreith uatha arís uirthi, nó go mb' é mo chorp-sa a gheobhadh sí marbh ar an tairsigh. Is deacair dom cuimhneamh ar aon iarracht misnigh ba mhó ná é sin ach cad é ná déanfadh bean ar son an té go mbíonn fíorghrádh 'na croidhe aici dho. Do ghearr sí na téada bhí am cheangal agus fé dheoidh do bhaineamar amach an chuid eile de'n líontighe i mbaile beag i ngoireacht leathmhíle de'n tigh mar ar theicheadar chun fascaidh. Ar a dtáinig riamh de thubaistí im threo go dtí so, sháruigh súd iad uile. Bím ar creathaí fós nuair chuimhnighim air. Ba mhór an sólás dúinn nár gortuigheadh aoinne againn, ach m'athair gur chuir duine de na cneamhairí gearradh scine sa leithcheann air. Níor bhaineadar leis na mná. Dob é a mbaoghal san m'aonchúis imnidhe-se; agus bhí fiú mar dhaonnacht i nduine aca ár leanbh beag inghine a bhreith ó n-a cliabhán mar a raibh sí ag géarghol gur chuir i n-aice mo mhná ar an leabaidh í mar a raibh sí ceangailte fara mo mháthair agus mo dheirfír. Ní hamháin go ndearnaidh an rud uathbhásach san a thárlaidh ceataighe thar barr dúinn tríd an milleadh a deineadh ar ár gcuid, agus go raibh an saoghal cheana féin dian go leor ar m'athair, ach ní mór ná gur dhíbir sé ar fad an suaimhneas ó'n teinteán againn. Ní théighinn chun suain choidhche gan taisceán piostal a bheith ag ceann na leabthan agus ní fhéadfadh oiread agus luch corruighe ná beinn preabaithe im shuidhe agus an tigh cuardaithe agam ó urlár go fraigh. Ní miste a rádh annso gur gabhadh beirt de na cneamhairí le linn iarracht eile nár éirigh leo ann, tar éis sinn-ne do shlad. Do crochadh iad agus fuairtheas uaireadóir m'athar ar iomchur ag duine aca.

I gcionn aimsire nuair a bhí ár ngnóthaí beagán ar deaghórd arís thug m'athair fagháltas beag airgid dom, oiread, go deimhin, agus d'fhéadfadh a thabhairt uaidh. Do chuireas díom go Lonndain, agus d'fhágas mo bhean agus m'inghean im dhiaidh fara m'athair a thug gach deaghchóir le cion dóibh an fhaid do bhíos amuich. Ar theacht saor ó bhaoghal ár mbáithte le linn drochphasáiste go Liverpool do shroicheas Lonndain i mí Eanáir na bliana 1787 agus chuireas m'ainm síos láithreach im scoláire-le-dlí i leabhraibh an Teampaill Mheánaigh. Is cóir dom a rádh annso gurbh 'in tús agus deireadh mo shaothair do'n ghairm sin. Ní mór ar fad an dúil a bhí go coitchionn sa staidéar agam, ach bhí fuath ar leith agam do staidéar na dlí agus, go dtí an lá atá indiu ann, tuigtear dom gur gairm caolmhaiseach í 'na cuid prionsabal agus cleachtadh. Mar bharr air sin ní raibh orm sásamh a thabhairt d'aoinne im iomchur

agus, d'á dheascaibh sin, tar éis na céad mhíosa níor oscluigheas leabhar dlí, agus ní rabhas trí huaire riamh im shaoghal i Halla Westminster. Mar bhreis ar na fáthanna eile do luadhas do bhí míoshuaimhneas mór ar m'aigne de bharr an éideimhne mhór a bhain lem ghnóthaí, agus d'fhág san fé mhórbhacaighe mé i gcómhair an staidéir réidh deaghórdaithe sin is riachtanach chun eolas d'fhagháil ar eolaidheacht chómh fáinbhrígheach, aimhréidh leis an gcóras Sasanach. Ach pé scéal é, mar seo nó mar siúd, do leanas siar go deireadh dhe. Do bhí seomraí san Teampall agam (Uimh. 4, Cúirt an Ghirrfhiaidh ar an gcéad urlár). Pé deacraí bhíodh orm, ar shlite eile, a fhualang d'éirigheadh liom i gcómhnaidhe cruth an duine uasail a choimeád orm féin, agus mo chéim a chothú ameasc mo chómhlucht léighinn, má's ceart dómh-sa mac léighinn a ghairm díom féin i n-aon chor.

Do bhí aon tairbhe amháin a bhaininn as saothrú aon éirimí bhí agam, bídís mar bhíodar. Do scríobhas cuid mhaith aistí do'n *Iris Eorpach*, léirmheas ar leabhair nuafhoillsithe a n-urmhór. Iarrachtaí bhí lag go leor dob eadh mo chuid léirmheas-sa, ach bhíodar de ghnáth chómh maith le hiarrachtaí mo chómhbhráthar san léirmheastóireacht, agus i n-imeacht dhá bhlian fuaireas, dem dhóigh, tuairim leithchéad púnt airgid de bharr mo chuid scríbhneoireachta; agus b'é an t-airgead san is fearr a thaithnigh liom, mar ná raibh aon chaitheamh agam i ndiaidh cáil mhór le litridheacht a tharrang dom féin. Farais an méid sin do scríobhas féin agus beirt dem cháirde dárbh ainm Jebb agus Radcliff i bpáirtidheacht liom, úirscéal fonómhaide go dtugamar "*Belmont Castle*" air chun ceap magaidh a dhéanamh de'n ráiméis shuaraigh a bhí d'á chur umágcuaird ag leabharlanna iasacht. Níorbh mhíofhónta an iarracht i n-aon chor é go mórmór cuid Radcliff de—mar b'in í an chuid dob fhearr de. Mar sin féin ní fhéadfaimís reiceadóir leabhar d'fhagháil a raghadh i bhfiúntar a chlóbhuailte cé gur thairgigheamar an cead cló i n-aiscidh do roinnt aca. Do cuireadh i gcló 'na dhiaidh sin i mBaile Átha Cliath é agus d'éirigh go cuibheasach leis, ach dar liom, tar éis an tsaoghail, gurbh iad na húdair féin agus a ngaolta cómhgais is mó a fuair taithneamh ann.

Do bhí coidreamh agam san Teampall ar roinnt mhaith ógánach de chéim na huaisleachta agus na galántachta, go mórmór le Seoirse Uasal Knox, mac le Tighearna Northland. D'éirigh cáirdeas eadrainn araon gur mó liom agam é ná aon ní d'á dtárlaidh dhom im shaoghal. Duine é go bhfuil fiúntacht ós meon ann agus grádh

thar na bearta dho ag gach n-aon d'ár chuir aithne riamh air. Ní mór gur eol dom aoinne is mó go sanntóchainn a mheas agus a dheaghthuairim a bheith orm. Do bhí sé de shólás do-innste agam i bhfad tar éis dúinn aithne a chur ar a chéile, nuair a bhí deacraí diana dofhulangtha ag brúghadh isteach orm, agus nuair a bhíos tréigthe ag a lán dem sheanchháirde, go raibh Seoirse Knox mar a bhí riamh, 'na thaca dhom agus gur lean d'á dheighmheas orm. Tráchtfad san áit chóir ar cháirdeas sheasamhach na hócáide sin; d'fhág sé rian ar mo chroidhe gur líon sé de bhuidheachas agus de ghrádh é. Do casadh arís orm seanchara go mbíodh aithne agam sa choláiste air, Seon Hull. Do bhí seisean, ó bheith ag cur leis an méid a bhí cheana aige, fé'n am so i seilbh £14,000 san mbliain. Do bhí sé tar éis a ainm d'atharú fé dhó ar son dhá eastát, ar dtúis go Stevenson, agus annsan go Wharton, an ainm atá anois air. Do bhí sé an uair sin 'na dhuine de phairliméid Shasana. Táim fé chomaoin cháirdeasa aige ar son £150 a thug sé dhom le linn dom bheith i nganntar géar i dtaobh airgid. Seanchara eile de lucht an choláiste go bhfuil cuimhne geanúil agam air, Beircheart Phipps ó Chathair Chorcaighe. Do bhíodh cinéal de thigh baitsiléara aige, fíon fónta agus bailiú maith leabhar (agus níor leabhra dlí iad), agus oiread ceada agam-sa feidhm a bhaint asta agus bhaineadh sé féin. Do bhí roinnt greannmhaireachta ag baint leis ach ba shuairce liom-sa d'á bhí sin é. Fear mór feasa dob eadh é go mórmór i dtaobh mionchúrsaí polaitidheachta agus is 'na theannta a chaitheas na tréimhsí is suairce d'ár chaitheas i Lonndain.

I gcionn tamaill nuair a bhí breis éigin thar bliain tugtha san Teampall agam bhuail mo dheartháir Liam chugam a bhí tagaithe le roinnt mí roimhe sin tar éis a chéad eachtra go San Heléna, agus d'fhanamar i n-aontigheas le 'chéile fé chion agus fé mhaise ar feadh trí ráithe agus b' in deireadh mo thréimhse i Lonndain. Tá ocht mbliana imithe leo ó shin, ach bíodh go bhfuil, tagann tocht fós im chroidhe nuair a thagann im chuimhne na tráthanna aoibhne do chaitheamar le 'chéile. Is minic a bhíomar gan giní de'n tsaoghal againn ach ní chuireadh san buaireamh aonuaire orainn, agus an tráth bhraithinn féin duairceas orm de dheascaibh aon droichní a bhuaileadh im threo do scaipeadh súd díom é le méid a cheana agus a mhisnigh agus a ghrinn nárbh fhéidir a chlaoi. Toisc na tréithe cuideachtanais a bhí ann ní hiongnadh go dtug Beircheart Phipps taithneamh do agus níorbh fhada gur mhó aige é, measaim, ná mise féin. Níorbh fhéidir iad a scarúint. Líontar m'aigne anois de

shaghas tláthbhróin nach míothaithneamhnach nuair a chuimhnighim ar na laethe aoibhne a chaith an triúr againn fara n-a chéile, na turasanna thugaimís mar a mbíodh léirbhreithniú airm, nó d'fhéachaint long nua cogaidh d'á cur ar tuinn, nó uaireannta ar cuaird chun na long ó'n India d'fheicsint ag Deptford, turas a thaithnigheadh go mór le Phipps. I dteannta an tsuaircis a bhí ó nádúir ann féin do bhí cuid mhór de'n fhírghreann Éireannach ag baint le Liam. Níor thaise dhom féin ach an oiread. Bhí Phipps, dála fir tighe an "Hercules Pillars," *ar fheabhas 'na threas duine.* Is dearbh gur éirigh linn go maith le 'chéile.

Ó ba léir dom fé'n tráth san ná beinn-se choidhche im Thighearna Sainsiléara, agus ó bhí m'aigne go luaithéascaidh ó nádúir, tháinig smaoineamh dom agus chaitheas aimsir agus staidéar leis d'á thabhairt chun críche. Moladh a bhí ann do'n Aire, coilíneacht i gcruth mileata a chur ar bun ar cheann de na hoileánaibh a bhí Cook tar éis a aimsiú le déannaighe san Muir Deisceartaigh, d'aon ghnó chun srian a chur leis an Spáin le linn síothchána, agus chun í chrádh go haedh le linn cogaidh. Ceapaim fós nárbh olc an rud i n-aon chor do Shasana é, agus le linn dom bheith 'ghá chur le 'chéile chuarduigheas gach leabhar dob fhéidir liom 'fhagháil i dtaobh America Deisceartaigh, mar atá: na leabhair do scríobh Ulloa, Anson, Dampierre, Woodes, Rogers, Narboro agus, go mórmór, na Búcanaerí, mo rogha féin d'fhearaibh an tsaoghail, agus gurbh iad a leithéidí a samhluigheadh dom mar choilínigh do'n áit. Is mó tráthnóna suairc a chaith mo dhearthá ir, Phipps agus mé féin ag scríobhadh, ag léigheadh agus ag tagairt do'n rud a bhí beartaithe agam, agus bhí aigne diongmhálta againn dá nglactaí leis go mbeimís féin páirteach ann. Fé dheireadh, nuair a bhí sé i bhfuirm chóir againn, cheapas meamram air agus sheolas 'na theannta é go dtí Mr. Pitt, agus do chuireas féin ar láimh an ghiolla dorais i Sráid Downing é. D'fhanamar annsan, agus ní abróchainn gur go foidhneach é, ar feadh deich lá nuair a chuireas leitir ag triall ar an Aire 'nar dheineas tagairt dem mheamram agus d'iarras freagradh air. Ach níor éirigh leis sin ach oiread leis an gcéad rud. Níor chuir Mr. Pitt an tsuim is lugha san meamram ná san leitir, agus ní raibh de bharr an scéil againn ach an méid caitheamh aimsire dhein sé dhúinn ar feadh ráithe nuair ná bíodh eile d'adhbhar cainnte againn ach é. Bíonn uaigneas orm nuair a chuimhnighim ar na taidhrithe reatha bhíodh im aigne an uair úd. B'é mo chéad iarracht san rud go dtugtar polaitidheacht air é agus do ghoill an díombáidh chómh

mór san orm go maireann a rian fós. Do mhóidigheas le feirg dá bhfaghainn caoi choidhche go mbeadh a chathú ar Mhr. Pitt, agus b'fhéidir go mbeadh sé de'n ádh fós orm é sin a dhéanamh.

Is timcheall na haimsire sin a rug an t-ádh saor ó bhaoghal mé · do bhíos i dteannta dian i gcúrsaí airgid agus díreach nuair a bhí m'aigne greadaithe tinn óm chúrsaí cráidhte féin fuaireas leitir óm athair agus í lán de channrán agus de thuairisc ar an donas a bhí tagaithe air féin. Fuaireas fios 'na dhiaidh san ná raibh an t-olc chómh mór agus adubhairt sé a bhí. Le racht feirge do bheartuigheas de'n iarracht san dul im shaighdiúir fé'n gCualacht OirIndiathach, an Eoraip a thréigean go bráth agus mo bhean agus mo leanbh d'fhágáil ar ionchaibh a muinntire féin, mar cheapas dá mbeinn-se as an tslí go mbeidís níos cineálta léi. Do dhein mo dheartháir gach dícheall d'á raibh 'na chumas chun mé chur ó'n ngníomh a bhí ceapaithe agam ach, ar deireadh, nuair a chonnaic sé go raibh m'aigne cinnte air do dhearbhuigh ná leigfeadh sé ann im aonar mé agus go mbeadh sé páirteach liom go deireadh na scríbe. Mar sin do ghluaisigheamar fé'n scamall duaircis sin agus Dia agus daoine tar éis ár dtréigean, dar linn, go dtí Teach India i Sráid Leadenhall chun sinn féin a thairgsint chun dul ar óglachas ; ach ar shroichsint dúinn ann dubharthas linn go raibh an séasúr caithte agus ná beadh aon luingeas eile d'á gcur amach an bhliain sin ach d'á bhfillimís timcheall mí an Mhárta bhí chugainn go nglacfaí linn, b'fhéidir. An cléireach gur labhramar leis, is léir gurbh iongnadh leis beirt ógánach d'ár saghas-ne 'ár dtairgsint féin chun gnótha d'á leithéid, óir bhíomar éidithe go maith agus b'é Liam a dhein an chainnt ar ár son araon go deaghlabhartha. Do bhí cosc curtha linn agus measaim gur sinne-ne amháin ó thosach an domhain i leith an t-aon bheirt fhear a bhí láinbheartaithe ar iad féin a chaitheamh i n-umar na haimléise agus ná féadfadh cóir d'fhagháil chuige. D'fhilleamar ar na seomraí agus d'á olcas mar bhí an t-ádh linn ní fhéadfaimís gan gáire dhéanamh fé'n scéal gur 'nár gcoinnibh-ne araon amháin a bhí dóirse na hIndia dúnta, an tír mhór san a shluigeadh 'na craos daoine mí-ádhmhara an domhain. Dá mb' é an Márta bheadh ann i n-ionad Meán an Fhóghmhair, bheimís imithe gan mearbhall, agus is deallrathach d'á bharr san go mbeinn-se, ar láthair na huaire seo, agus muscaed donn d'á iomchur agam ar imeall tíre Coromandel. Do bhí a mhalairt i ndán ag Dia, ámh, agus do chongaibh Sé mise, tá súil agam, i gcómhair críche níos fearr.

Do bhí dhá bhliain caithte fé'n am san agam ag an dTeampall agus bhí ocht dtéarma cóimhlíonta agam, sé sin le rádh gur itheas trí dhinnéar gach téarma san Halla coitchionn. Maidir le dlí, bhíos chómh dall air agus bhíos ar asarlaidheacht. Ba chall dom, ámh, bheith ag cuimhneamh ar fhilleadh agus d'á bhrí sin chuireas cara liom le hiarratas go dtí seanathair mo chéile fé thuairim fios a aigne d'fhagháil i dtaobh spré a thabhairt dom mhnaoi. Do shaothruigh sé chómh maith san ar ár son gur thoiligh an seanfhear cúig céad púnt a thabhairt do láthair, agus dubhairt gur mhian leis mé d'fhilleadh gan mhoill.

Do bhailigheas, d'á bhrí sin, a raibh agam le 'chéile agus do ghluaisigheas, fara mo dheartháir, go hÉirinn. Thánamar i dtír i mBaile Átha Cliath an 23adh lá de mhí na Nodlag, agus ar lá Nodlag, 1788, do shroicheas tigh m'athar ag Blackhall. Fuaireas mo mhuinntir uile i mbláth na sláinte, ach mo chéile amháin ná raibh ar fónamh. Do ghoill an buaireamh aigne uirthi le héideimhne na haiste 'na raibh sí. Do bhí ár n-inghean beag san am so idir a dó agus a trí bliana d'aois agus is í bhí go gleoite. Tar éis roinnt laetheannta a thabhairt ag Blackhall thánamar go Baile Átha Cliath agus do fáiltigheadh rómhainn fé mar a deineadh an chéad uair ag Sráid Ghrafton i dtigh mhuinntir mo chéile. D'íoc Mr. Fanning go tráthúil liom an tsuim do gheall sé agus do cheap mo bhean agus mé féin go raibh deireadh le gach seaneasaontas agus nár lugha bhíodar san dáiríribh d'iarraidh an caradas a dhéanamh ná mar bhíomar-na.

III

TOSACH AG TONE LE POLAITIDHEACHT
1789–1790.

Club na Whigeanna agus paimpléid Tone. Seoirse Ponsonby. An dara paimpléid. Tomás Ruiséall. An tigh beag agus an chuideachta san nGaedhealbhaile. An club polaitidheachta agus na daoine bhí air. Tuairim Tone ar an Ruiséallach, Tomás Addis Emmet, Whitley Stokes, Seoirse Knox, Peadar Burrowes.

Dheineas áit chun cómhnaithe d'fhostadh annsan i Sráid Chlarendon, cheannuigheas tuairim luach céad púnt de leabhra dlí agus do chromas ar staidéar i gcómhair na gairme a ceapadh mar bhreith dána dhom. Ar an intinn sin do thosnuigheas i gcómhair Baitsiléireacht Dlí i mí Feabhra, 1789, agus do gairmeadh do'n Bharra mé, do réir fuirme is gnáis, an téarma Tríonóide 'na dhiaidh sin. Go gairid 'na dhiaidh sin chuas ar mo chéad chuaird (i Laighnibh). Do toghadh mé roimhe sin im bhall de'n Bharra Chumann. D'aimhdheoin m'uireasbhaidh eolais ní mór ná gur thuilleas mo chostaisí ar an gcuaird sin agus níl amhras agam, dá leanainn go dúthrachtach de'n dlí, ná go sroichfinn céim éigin fónta. Ach pé aca b'é mo ghnáthchlaonadh danartha chun díomhaointis é, nó an míothaithneamh daingean a bhí agam do'n ghairm, rud ná deaghaidh ar ceal leis an aithne bhíos ag cur uirthi i ndiaidh a chéile; nó pé aca b'é mo dhán a bhí 'ghá stiúradh, ní fheadar-sa, ach so, gur ghearr dom gur éirigheas breoite tuirseach de'n dlí.

Do leanas, ámh, ar dhul go dtí na cúirteanna, mar ghnás, agus ar peiribhig agus gúna óinmhideach a chaitheamh go ceann scathaimh fhada. Do chuas ar cuaird, measaim, trí huaire ar fad; ach, ó bhíos, gan aon mhaoidheamh, ar an duine dob aineolaighe d'adhbhacóidigh na gceithre gcúirteanna, agus ó nár cheileas aon uair mo dhroichmheas agus mo mhíothaithneamh do'n ghairm; agus, go mórmór, ó thárlaidh ná raibh maoin ná mian agam chun comaoin a chur ar na hatúrnaethe uaisle ná chun deochanna do fhreastal dóibh (truailliú ar a ngalántacht go gcaithfidh an chuid is uaisle aigne de'n gharim d'fhulang) is furus a thuigsint gur bheagthaidhseach mé ag Barra na hÉireann.

Ní fada bhíos im chounsiléir nuair a cuireadh an chaidhp báis ar ghnóthaí m'athar le breithiúntas 'na aghaidh i gcúirt an tSainsiléara, rud a chreach thar fóir é. Cúis dlí a bhí idir é féin agus deartháir do a bhí 'na Lieutenant Grenadóirí san 22adh cath. An fhaid a bhí an gnó san ar siubhal dhiúltuigheas-sa go dúlaithe aon pháirt a ghabháil ann, mar cheapas nár chreidiúnach an rud mo ladhar a chur san ngnó agus a chómhgaraighe dhom a bhí gach taobh. Ach nuair a bhí m'athair scriosta ar fad, ámh, thuigeas gurbh é mo dhualgas, agus dob é go dearbhtha mo mhian é, mo chongnamh a thabhairt leis fiú dá ngoilleadh san orm féin. Do bhí san tuillte thar barr aige fiú mar chuaidh sé chun duaidh agus chun costais lem oiliúint-se. Do dheineas, d'á bhrí sin, mo dhícheall báis chun iarmhar éigin d'á chuid a chongbháil 'na sheilbh, ach bhí a ghnóthaí imithe thar fóir agus bhíos féin ró bhocht chun aon fhóirthint cheart a thabhairt air, agus b'é deireadh an scéil, tar éis iarracht nó dhó gan mhaith, agus roinnt mhaith airgid liom féin a chailliúint leis gan mórán maitheasa dhéanamh do-san, gurbh éigean dúinn géilleadh agus do díoladh an dá thigh deiridh d'á chuid, ceann aca i Sráid Stafford agus an ceann eile ar Chnoc a' tSamhraidh, ar airgead i bhfad ní ba lugha ná mar ab fhiú iad, le daoine nár scorn leo feidhm a bhaint chun a dtairbhe féin as ár gcruadhtan-na, fé mar is gnáthach riamh. Go luath 'na dhiaidh sin do bhí sé d'ádh air go bhfuair sé beart fé'n *bPaving Board*. Tá an bheart san fós aige, agus fágann san ar a chumas maireachtaint go galánta cé nach go ró rabairneach é.

Do bhí mo dhroichmheas do'n dlí ag méadú ó ló go ló agus níor lughaide é toisc ná raibh ag éirighe liom féin innti. I bpáirt an chuid sin de'n scéal, ámh, ní raibh sé riamh de'n aincheart ionnam a chur i leith an tsaoghail mhóir gurbh amhlaidh nár thuigeadar mo thairbhe. Do bhí a fhios agam gur orm féin a bhí an locht. Ach ó bhíos, mar adubhart, tuirseach de ghairm nár oir mo mheon ná mo thréithe dho, d'iompuigheas chun na polaitidheachta agus, ó thárlaidh gur scríobh beirt nó triúr dem cháirde paimpléidí gur éirigh leo, bheartuigheas ar ceann do scríobhadh mé féin. Thárlaidh gurbh é sin an uair a cuireadh Club na Whigeanna ar bun i nÉirinn agus bhí an preas lomalán de ghearánta 'na gcoinnibh agus ag gabháil páirt leis an Rialtas. Do foillsigheadh, leis, a dó nó a trí d'ailt d'á gcosaint, ach níor mhór le rádh aon cheann aca. Ó thárlaidh mar bhí, bíodh gurbh fhada uaim réidhteach ar fad le córas Club na Whigeanna agus gur lugha thaithnigh a bprionsabail

agus a gcuspóirí liom, nuair ba léir dom gurbh iad an dream cóirithe polaitidheachta ab fhearr a bhí le fagháil sa tír iad, agus ar bheith dhom i n-aontú leis an gcuid is mó dá dtuairmí, cé gur sia i bhfad a raghainn lem thuairimí féin, mheasas go bhféadfainn iarracht a thabhairt d'á gcosaint gan aon truailliú a thabhairt dom thuairimí seasamhacha. Do shuidheas, d'á bhrí sin, agus ní fada na laetheannta nó go raibh mo chéad phaimpléid críochnaithe agam. Thugas *Léirbhreithniú ar an Seisiún Deiridh san bPairliméid* mar ainm air. Leis an bhfírinne ghlan a rádh i dtaobh na hiarrachta úd ní mó ná cuibheasach a bhí sé, muna raibh níos measa. Ach bíodh san mar atá, ó ba léir do dhaoine gur scríobhadh le macántacht é agus nár cáineadh, ná nár moladh, aon taobh ann gan chúis chóir a luadh leis, d'éirigh leis an bpaimpléid go cuibheasach maith. Do dhein Club Whigeanna an Tuaiscirt athchló air agus scaipeadar mórchuid de ar a gcostas féin, agus cuireadh réamhfhocal leis ag moladh an údair go mór. Ní raibh a fhios aca an uair sin ciarbh é féin, agus tamall gearr 'na dhiaidh sin nuair a fuaireadh amach gur mise do scríobh é do dheineadar ball de'n chumann díom mar chomaoin onóra. Do cuireadh an méid sin i n-úil dom i bhfuirm leitre mórmholta ó'n Rúnaidhe, Henrí Seoighe, sóisear, ó Bhéal Feirste. Do chuireas freagradh oiriúnach chuige.

Ach níorbh é sin deireadh an scéil. Do cheap taoisigh na Whigeanna go raghadh m'éirim-se, pé olc maith é, i dtairbhe d'á gcúis féin agus ar bheith dhóibh deimhnitheach ná faghthaí aon chlaonadh chun ceannairce i ndligheadóir óg mar mise, a bhí fós gan chuid, chuireadar cómhbhráthair dligheadóra ag triall orm chun traoslú dhom i dtaobh na hiarrachta a dheineas, agus chun buidheachas a ghabháil liom ar son mo dhíchill agus m'oilteacht san ngnó.

Do cuireadh, d'á dheascaibh sin, i n-aithne mé do Sheoirse Ponsonby, duine mórcháile do bhí ar an dream san. Dob fhéidir a rádh gurbh é a bhí 'na threoraidhe ar na hÉireannaigh a bhí i bhfreasabhra. Ní dhearna-sa riamh de choidreamh air siúd, ámh, ach gnáithchleachtadh sibhialtachta. Go grod 'na dhiaidh sin do labhair an dligheadóir céadna arís liom agus do chuir i n-úil dom gur daoine mórchómhachta i nÉirinn dream Phonsonby, go rabhadar buidheach díom de bharr mo shaothair agus gurbh áil leo, d'á bhíthin sin, go ndéanfainn ceangal leo, go ndéanfaí mé d'fhostadh im chounsiléir ar impidhe a bhí le dul i láthair Tighe na Pairliméide, rud a chuirfeadh céad giní im phóca, agus go gcuirfaí, ó am go ham,

gnó a bhain lem ghairm im threo, a thabharfadh isteach ar a luighead an oiread céadna san mbliain chugam. Do chuir sé leis sin go rabhadar fé láthair dar ndóigh, scartha le cómhacht, ach ná beifaí i gcómhnaidhe amhlaidh agus nuair a bheidís thar n-ais arís i nOifig gurbh iad na cáirde a sheasaimh leo, le linn iad a bheith amuich, ba thúisce go gcuimhneochaí ortha, dar ndóigh. Dubhairt sé, leis, go raibh cómhacht aca ar a luighead ar bhreis agus dhá ionad agus fiche san bPairliméid, agus thug sé le tuigsint dom, neambalbh go leor, nuair a bheadh aithne níos fearr curtha againn ar a chéile go gceapfaí ceann de na hionaid sin dómh-sa.

Ba thaithneamhach an sotal san d'á ghabháil liom-sa, go mór mór ó bhí deireadh spré mo mhná nach mór caithte, cuid de ar mo chostaisí féin ná féadfainn a sheachaint, agus cuid de ar na hiarrachtaí gan·toradh a thugas chun m'athair a réidhteach ó bhroid. Is fíor nach ró mhaith a thaithnigh liom mé féin a cheangal d'aon duine mór ná d'aon dream díobh, ach do tuigeadh dom, fé mar atá ráidhte agam cheana go bhféadfainn lem choinsias na prionsabail a bhí fógartha aca a chothú *chómh fada agus raghaidís* bíodh gur sia go mór a raghadh mo chuid féin. Do cheapas ar an ádhbhar san ná raibh aon mhí-onóir ag gabháil leis an gceangal a luadhadh agus, go dearbhtha, chuir sé roinnt scleondair orm a cheapadh go mbeadh suidheachán san bPairliméid agam. Do mhéaduigh ar mo ghlóirmhian d'á dheascaibh. Do chuireas i n-úil, d'á bhrí sin, go rabhas ullamh chun ceangal leis na Whigeanna, agus do fostuigheadh láithreach mé i gcómhair impidhe buirg Dhún Garbhán, ar thaobh Shéamais Carraigí Ponsonby, Scuibhéar.

Do mheasas díom féin fé'n am so bheith im chinéal duine le polaitidheacht agus bhíodh sé d'á thaidhreamh dom gur i dTigh na Pairliméide agus nach ag an mBarra a bheadh fód mo ghaisce feasta. Baoththuairim fir óig a bhí san méid sin, ámh. D'imigh mí ar mhí i ndiaidh a chéile gan scéal ná duain d'fhagháil ó Sheoirse Ponsonby. Leis siúd thar cách eile bhíos ag tnúth. Do labhradh sé go mórmhuinnteardha i gcómhnaidhe liom nuair a bhuailimís le 'chéile, ach thugas fé ndeara ná deineadh sé choidhche aon tagairt do pholaitidheacht. Do cheapas, d'á bhrí sin, fé dheireadh go raibh sé tagaithe ar mhalairt aigne, nó, ó'n mbreis aithne bhí aige orm, go bhfuair sé neimhthréitheach mé. B'é críoch an scéil nár chuimhnigheas a thuilleadh ar an gceangal úd, agus bheartuigheas gan mé féin a bhodhradh níos mó le Ponsonby ná leis na Whigeanna ; agus mheádhas, má scríobhas paimpléid a cheapadar san a dhein fónamh

dóibh agus go ndearnadar san, d'á dheascaibh sin, fostadh im ghairm orm-sa i ngnó a thug isteach ochtmhó giní chugham, do mheádhas mar sin go raibh an cúntas comhthrom ar gach taobh agus go raibh deireadh le haon cheangal feasta.

Ach bhí m'intinn fé'n am san tugtha ar pholaitidheacht. Do cheapas go rabhas tar éis an gnó d'oir dom d'aimsiú ar deireadh agus do sháthas mé féin innti go díoghraiseach. Leis an ngéar-scrúdú a dheineas ar chúrsaí mo thíre dúthchais tháinig leathnú mór ar mo léargus, agus ó bhíos go dílis agus go macánta 'na páirt níorbh fhada lean a chathú dhíom nár cheap na Whigeanna gur duine mé ab fhiú dúthracht a chaitheamh liom. Fuaireas eolas ar ní nár cheapas riamh a bheith i gceist, cé go raibh an rud céadna le fagháil agam ag Swift agus ag Molyneux, gurbh í Sasana préamh gach uilc i rialú na tíre seo agus ná beadh saoirse, rath ná sonas ar Éirinn nó go mbeadh sí neimhspleádhach, agus ná beadh an neimh-spleádhchas ar fagháil an fhaid a bheadh an ceangal le Sasana ann. Ar cheapadh na teoirice seo dhom, teoiric atá riamh ó shin mar stiúir agam i gcúrsaí polaitidheachta, agus gur chailleas a raibh agam, agus go gcaillfinn fiú an t-anam leis d'á mba ghábhadh, fuaireas congnamh an-mhór óm sheanacharaid Sir Labhrás Parsons, aon de'n fhírbheagán atá macánta i dTigh na Pairliméide i nÉirinn. Is é siúd a thug ar dtúis m'aire ar an gceist mhóir sin ach níorbh fhada gur fhágas m'oide múinte i bhfad im dhiaidh. Is é siúd, le fírinne, a thug dom an chéad léargus iomlán d'á bhfuaireas ar an aiste 'na raibh Éire. Ní fios dom conus d'iomchróchadh sé é féin dá mbeireadh greim cruaidh air, ach do raghainn i mbannaí ar fhíre agus ar ionnraiceas a theoirice. Do thosnuigheas annsan ar droichmheas a bheith agam ar pholaitidheacht shuaraigh Chlub na Whigeanna, agus ar an mangaireacht agus na minghearánta a bhí aca i n-ionad dul síos go préamh an uilc. Do bhí áthas orm, má bhíos bocht féin—agus go rabhas—ná raibh mo neimhspleádh-chas caillte agam, agus go raibh cead cainnte agam gan spleádh-chas d'aoinne ach do'n dlí.

Ní fada bhí orm fanúint le hócáid chun na tuairimí nua so bhí tagaithe dhom a fhógairt ós árd. Nuair ba chosúil briseadh cáirdeasa leis an Spáin do scríobhas paimpléid d'á phromhadh ná raibh Éire fé aon cheangal ag an bhfógairt chogaidh ach go bhféadfadh, agus go mba cheart di, dul ar neodracht. Ag pléidhe na ceiste sin dom do tharraingigheas anuas, gan easnamh ná ceilt, ceist eidirdheighilte an dá thír. Ní raibh an aigne phoiblidhe chómh mór chun cinn, ámh,

agus bhíos-sa agus ní rug mo phaimpléid an greim is lugha ar an bpobal. An lá tar éis a fhoillsithe agus mé im sheasamh *perdue* i siopa an reiceadóra agus cluas orm go gcloisinn mo cháil féin d'á luadh, ghaibh Sir Henrí Cavendish, sclábhaidhe míocháilmhar do Thigh na Pairliméide, isteach agus do chaith mo phaimpléid bhocht mhí-ádhmharach ar an gcúntar le feirg, agus adubhairt "*A Mhr. Ó Broin, má tá údar an tsaothair sin dáiríribh ba cheart é chrochadh.*" Easpog a tháinig tar éis Sir Henrí, Sasanach de dhochtúir diachta go raibh cúig nó sé de mhílte san mbliain aige d'á thuilleamh go mórshaotharach san Eaglais. Is beag ná go raibh an Tighearna Easpog chómh mór i bhfeirg leis an duine eile.

"*A dhuine chóir,*" ar sé, "*dá leathadh na prionsabail atá san leabhar fuathmhar san, an bhfuil 'fhios agat go gcaithfá chúig púint an tonna thabhairt ar do chuid guail?*"

D'aindeoin an léircháinte seo atá curtha síos go fírinneach agam im choinnibh féin, ceapaim fós gur paimpléid mhaith a bhí ann. Is cosúil, ámh, gur cheap Ó Broin, an foillsitheoir, a mhalairt mar creidim go daingean gur thoirmisc sé an cur-amach uile agus *go ndaoraidh a dhéithe féin d'á chionn san é.*

Go grod tar éis an íde antrátha san a bhaint don dara paimpléid sin liom, fé mar adubhart, agus gan aon mhalairt a theacht ar mo thuairim d'á chionn san i dtaobh a mhaitheasa, óir *Victrix causa Diis placuit, sed victa Catoni*, d'éirigh easaontas idir sinn agus muinntir mo chéile. Nílim ar intinn cur síos ar an scéal san. Is leor aon rud amháin a luadh a dheimhneochaidh nach sinn-ne ba bhun leis an scéal .i. gur sinne-ne a chaillfeadh agus nach sinn a bhuaidhfeadh aon rud leis an imreas. . . . .

Timcheall na haimsire sin 'seadh chuireas aithne ar mo charaid mhórluaigh an Ruiséallach. Áirmhighim an rud san ar na neithe is ádhmharaighe d'ár thuit amach dom i rith mo shaoghail. Tá cion dearthár agam air. Ní thiubhrad aon iarracht annso ar a mhór-mhaitheasaí a luadh. Is leor a rádh go bhfuil i bhfochair a chéile ann tuigsint thar barr, na prionsabail is fíre agus an croidhe is carthanaighe. Is truagh liom ná fuil an cumas agam chun a mheon a chraobhscaoileadh agus a gceart féin a thabhairt d'á éirim agus d'á shobháilcí. Is eol do go maith cad é mo mheas air agus mo ghrádh dho; agus ní dóigh liom go bhfuil aon íobairt is dleacht ó cháirde ná déanfaimís d'á chéile go fonnmhar go fiú ár n-anam agus ár gcuid a chur i bhfiúntar. Ní féidir a shamhlú comhaontas ar bith, ná, b'fhéidir dom a rádh, aon ionainneacht tuairime níos iomláine

ná mar atá eadrainn. Níor mhaoluigh ar ár meas ar a chéile ó'n uair a chéadchuireamar aithne ar a chéile agus is deimhin liom go mairfidh sé go deireadh ár saoghail. Is móide mo mheas orm féin meas duine mar an Ruiséallach do bheith orm. Grádhaim é agus bheirim ómós do. Ní bheartuighim aon chóir sonais do'n chuid eile dhem shaoghal gan an t-aoibhneas a gheibhim 'na chuideachtain sin a bheith 'na chuid mhóir de, agus má thagann fonn orm choidhche bheith canntalach i dtaobh na ndeacraí go bhfuilim chómh fada san ag coimheascar leo, cuimhnighim ar an seoid mórluaigh atá agam i ngrádh mo mhná agus i gcáirdeas an Ruiséallaigh, agus ní mór dom a admháil go bhfuil íoc thar ceart fachta agam as gach saothar agus as gach fulang. Adeirim le fírinne, agus mé i láthair na huaire seo scartha leo araon, agus gan a fhios agam an mbeidh sé de'n ádh orm iad d'fheicsint choidhche arís, ná fuil aon ghníomh de ghníomhartha mo shaoghail ná go mba mhaith liom go dtaithneochadh sé leo, agus nár mhó agam deaghthuairim duine aca ná an duine eile. Nuair a tuigtar dom go ndearna an rud ceart agus gur deallrathach go n-éireochaidh liom san ngnó tábhachtach so atá ar siubhal agam, deirim go minic liom féin: "Beidh áthas 'na thaobh so ar mo mhúirnín mná agus ar mo charaid, an Ruiséallach."

Ach maidir lem stair. Dob é tús mo choidrimh ar an Ruiséallach ná argóint d'éirigh eadrainn i n-ailéar Tighe na Pairliméide. Ba mhór aige-sin an uair sin na Whigeanna, ach dob fhearr an aithne a bhí agam-sa ar an dream daoine sin. Níorbh fhada, go deimhin, go dtáinig sé ar a mhalairt de thuairim 'na dtaobh. Thógamar an-cheann d'á chéile d'aindeoin sinn a bheith ar malairt tuairime, agus dheineamar coinne chun béile a chaitheamh le 'chéile lá ar n-a mháireach chun an cheist a chur tré 'chéile. Is mó ná san a thaithnigheamar le 'chéile an dara lá, agus ó ló go ló ó shin is i méid atá ár ngradam d'á chéile ag dul.

Do bhí sláinte mo mhná fós ag dul i n-olcas agus d'órduigh an dochtúir di snámh san tsáile. Do thógas ar chíos d'á dheascaibh sin, bosca beag tighe cois na fairrge ag an nGaedhealbhaile mar ar chaitheamar samhradh na bliana 1790. An Ruiséallach agus mé féin, ní scaraimís choidhche, agus ó's ar chúrsaí polaitidheachta is mó labhraimís, agus ó bhíomar ar aon tuairim go hiomlán i ngach scéal, thugamar leathnú mór ar ár léargus agus dheineamar tacaidheacht d'á chéile 'nár dtuairimí. Ó shin i leith tá ár saoghal d'á chaitheamh againn ag leathnú na dtuairimí sin agus d'á gcur i bhfeidhm. Is mór an t-aoibhneas liom cuimhneamh ar na laethe

suairce thugamar le 'chéile ar feadh na tréimhse sin, na béilí sochaithmhe go mbíodh mo bhean is an Ruiséallach is mé féin 'nár dtriúr páirteach 'ghá n-ullmhú, an spaisteoireacht tráthnóna, na comhráidhtí dheinimís agus sinn sínte ar an bhféar. Dob aoibhinn é. Agus ar uairibh thagadh chun an tighe bhig againn athair aosta an Ruiséallaigh, seanóir seachtmhód blian go raibh misneach gaiscidhigh, soineanntacht feallsaimh agus cráibhtheacht naoimh ann, agus bhíodh an lá 'na fhéile nuair a thagadh san. Do bhí cion thar na beartaibh ag mo mhnaoi ar an seanfhear agus níor mhó aige sin duine d'á chlainn féin ná í. Nílim ar intinn a chur síos, mar go dteipfeadh orm, an urraim agus an t-ómós a bhí agam féin do, agus is deimhin dom nach lugha an cion agus an meas a bhí aige-sin orm-sa ná mar bhí aige ar a chlainn féin. Thagadh Seán, dearth-áir an Ruiséallaigh, leis, ar cuaird chugainn. Duine geanúil deagh-chroidheach é agus, gan bréag ar bith, an duine ba dheighthréithighe i gcuideachtain d'ár bhuail riamh liom. Do ghluaisigheadh a chuid grinn go glan agus go nádúrtha uaidh 'na shruth gan dísciú. Ní raibh meon daingean mo charad Tomás ann, ach i dtaithneamhacht a chómhrádha do sháruigh sé é sin agus an saoghal uile. Uaireannta, leis, thugadh mo dhearthháir Liam seachtain 'nár dteannta. Do bhí seisean fara mo dhearthár Maitiú ar mhonarchain chadáis san gCorachoill i gConntae Chill Dara. D'innseas cheana na tréithe sughachais a bhain leis sin. Le fírinne nuair a bhíodh an bheirt Ruiséallach, mo dhearthháir agus mé féin d'aon bhuidhin ba dheacair ár samhail eile d'fhagháil ar shuairce ár gcuideachtan. Ní heol dom arbh sháreagnaidheacht an greann a bhíodh againn nó nárbh eadh, ach is cuma ciaca. Munarbh fhírghreann é ba leor é dhúinn-ne. Má's breitheamh ar an scéal mé ní raibh aon duine againn easnamh-ach fé chuid de'n ghreann ba dhual do thír na hÉireann. I bpáirt trír againn is féidir liom deimhniú a thabhairt go raibh sé ó thalamh aca, agus cuir leis sin gur mise an t-aon duine amháin aca ná raibh 'na fhile nó 'na cheapadóir bhéarsaí. Mar sin, ní raibh lá ná ceaptaí amhrán, nó iarracht fhileata a ghníodh caitheamh aimsire dhúinn tar éis dinnéir; agus ó ná sleamhnuigheadh ár gcómhrádh choidhche chun garsúlachta ná míonóis, ní imigheadh mo bhean ná mo dheirfiúr aon uair ó'n mbórd uainn.

B'aoibhinn na laethe iad súd. Lucht an tsaidhbhris agus na cómhachta a shuidheann gach lá go neamhshuairc chun béilí taidhseacha, ní féidir dóibh a mheas a thaithneamhaighe chaithimís-ne ár mbéile gann féin, ná an t-áthas croidhe a gheibhimís ó gach

duine againn do dhéanamh a chion féin 'ghá ullmhú agus ag freastal ar a chéile le n-a linn. B'í mo bhean a bhíodh mar chroidhe agus mar anam san scéal. Is ar éigean is eol dom cia againn is mó bhíodh i ngrádh léi. An chúirtéis a bhí 'na meon, an deaghchroidhe a bhí aici agus an greann nár sáruigheadh, a suairce nár theip riamh agus a grádh dom féin agus d'ár gclainn—chuireadar san meas agus taithneamh mór di i n-ár gcroidhthe go léir. Do bhí oiread ceana aici sin ar an Ruiséallach agus bhí agam féin. Is é suim an scéil nárbh fhéidir a fhagháil aon dream eile daoine ba dhlúithe cheangal d'á chéile tré fháthanna dob ionnraice, ná ba líonta de chion agus de cháirdeas dílse d'á chéile.

I rith an tsamhraidh sin do bhí briseadh cáirdeasa d'á bhagairt idir Shasana agus an Spáin i dtaobh Súnda Nootca. D'innseas do'n Ruiséallach i dtaobh an choilín mhileata a bheartuigheas le cur san Muir Deisceartaigh, agus ó thárlaidh ná raibh aon rud eile le déanamh againn do shuidheamar agus do dheineamar scrúdú ar na páipéir agus na meamraim a bhí agam a bhain leis an ngnó. I gcionn tamaill, agus ba mhó chun caitheamh aimsire ná mar shúil go dtiocfadh aon ní as a dheineamar é, mhéaduigheamar agus cheartuigheamar an chéad phlan a cheapas. Do cheapamar annsan meamram taidhseach i dtaobh an ghnótha agus sheolamar é agus leitir 'na theannta go dtí Diúic Richmond a bhí an uair sin 'na Mhaighistir ar an Ordnás. Do cheapas ná cloisfinn aon tásc choidhche arís air ach ba mhór é m'iongnadh roinnt laethe 'na dhiaidh sin nuair a fuaireas freagradh ó n-a Shoillse. Do thagair sé go muinnteardha d'fheabhas an phlan a bhí ceapaithe agam, ach nár bhain obair de'n tsaghas san leis féin, ach, dá mba mhaith liom, go gcuirfeadh sé é, maraon le n-a mholadh féin, ag triall ar an Tighearna Grenbhille, an rúnaidhe stáit i gcómhair gnóthaí iasachta, mar gur d'á chúram san go ceart é. Do chuireas freagradh thar n-ais d'á athchuinghe air comaoin a chabhrach a thabhairt lem phlan agus chuireas leitir eile leis an bpost céadna go dtí an Tighearna Grenbhille. I gcionn roinnt laetheannta fuaireas freagraí uatha araon d'á innsint dom go raibh an meamram fachta ag an Tighearna Grenbhille agus go ndéanfaí é bhreithniú go luath, agus dá gcinntaí ar aon ghníomh a dhéanamh d'á dheascaibh go bhféadfainn bheith ag súil le n-a thuille eolais d'fhagháil. Níor bhaineamar d'éifeacht as na leitreacha san ach go dtárlóchadh, ar éigean, go mb'fhéidir go ndéanfaí rud éigin, cé nár mhaith an dóigh é. Agus ní dearnadh aon ní, óir ní fada 'na dhiaidh sin gur ceangluigheadh saghas

síothchána nó cómhaontaidh idir an Spáin agus Sasana. Do scríobhas arís annsan go dtí an Tighearna Grenbhille agus chuireas an dara meamram chuige chun fios a aigne d'fhagháil. Fuaireas leitir an-shéimh uaidh ag moladh na hiarrachta, 7rl., agus 'ghá chur i n-úil dom ó thárlaidh nithe bheith mar bhíodar nár ghábhadh ar an uair sin dul chun cinn leis an ngnó, ach ná leigfeadh na hAirí i ndearmad é.

B'in é an chríoch a chuaidh de'n dara huair ar m'iarracht-sa chun coilín a chur ar bun san Muir Deisceartaigh. Ceapaim fós féin dá ndeintaí é gurbh fhearrde Sasana é. Tá na páipéir ar fad a bhain leis an ngnó, agus na leitreacha féin do scríobh an t-Aire chugam, táid siad i dtaisce agam agus, farais sin, táim tar éis cóibeanna dhíobh uile a scríobhadh i leabhar quarto, agus téightar chuige sin má bítar ag lorg a thuille eolais. Dob aisteach go leor an chóimhfhreagairt í sin idir bheirt d'Airí Rialtais Rí Shasana ag Pálás San Séamais ar thaobh, agus an Ruiséallach agus mé féin, ag mo bhosca beag tighe-se san nGaedhealbhaile, ar an taobh eile. Dá nglactaí leis an rud a mholas chun é chur ar bun bhíomar araon beartaithe ar dhul ar an eachtra sinn féin. San gcás san, i n-ionad bheith ag ceapadh réabhlóide le cur ar siubhal 'nár dtír féin, b'fhéidir gurab é bheadh ar siubhal againn ná cogadh i bhfuirm foghlaidheacht mara ar chósta America na Spáineach. Is dóigh liom go raibh tréithe ionnainn d'oirfeadh go maith do'n obair sin. Sompla maith iseadh an scéal san ar an bhfiaireacht feádha, adubhart i dtosach mo scéil, a bhain lem mhuinntir agus, maidir leis sin de, ba dhuine de'n cháil sin an Ruiséallach féin. An t-eiteachas a fuaireamar ó'n Aire níor mhéaduigh sé ár dtaithneamh do. Do dheineas athnuachaint ar an móid a bhí tugtha cheana agam, go gcuirfinn a chathú air dá mb'fhéidir liom é. D'aontuigh an Ruiséallach le dúthracht liom san méid sin. B'fhéidir go dtiocfadh an lá fós ar an Aire go mb'fhearr leis go leigfeadh sé dhúinn imeacht linn fé shuaimhneas go dtí an Mhuir Deisceartach. Ba mhaith liom féin caoi d'fhagháil chun an chóimhfhreagairt úd a chur i gcuimhne dho agus má gheibhim faill chuige ní leigfead le faillighe é. 'Sé is dóigh ná go bhfuil an scéal imithe ar fad as a chuimhne, ach ní mar sin dómh-sa é. "*Is fearrde an scéalgach ní d'á dtig,*" mar adeir an té Pangloss, "*san deaghshaoghal so is fearr ar bith.*" Dá dtéighinn-se go dtí na hOileáin Sandwich san mbliain 1790 ní bheinn anois im *Chef de Brigade* i seirbhís Phoblacht na Frainnce, gan trácht ar an rud a bheidh ionnam im thír féin má éirigheann linn san bhfeachtas so go dtí í.

Ach leanaimís de'n scéal. Go grod tar éis an ghnótha úd do theip orainn, thárlaidh do'n Ruiséallach gur méaduigheadh é (tar éis dhá bhliain nó trí a bheith caithte go teaspúil uasal aige ar leath páigh Mheirgire, mar atá £28 airgid san mbliain, a thuill sé sula raibh sé bliain agus fiche, 'ghá ghríosdhóghadh san OirIndia ar feadh cúig mblian) agus fuair sé céim Meirgire, tré chomaoin an taoisigh áirdcheannais ar lánphágh i gcath a 64 de na catha coisithe a bhí ar ceathrúin an uair sin i mBéal Feirste. Do bhuail air a threallamh catha, d'á bhrí sin, agus d'ullmhuigh chun dul leo. Is cuimhin liom an lá deiridh gur chaith sé béile farainn san nGaedheal-bhaile mar a dtáinig sé fé mar adubhairt sé féin "*ar gliogarnaigh tréan 's i n-éide óir.*" Do chuireamar air cuid de'n dinnéar d'ullmhú agus a chulaith thaidhseach airm air fé lásornáid. Is aoibhinn liom cuimhneamh ar na radharcanna san. Ba mhór ár gcathú ar scarúint le 'chéile, gach taobh. Do ghluais seisean go Béal Feirste agus níorbh fhada 'na dhiaidh sin gur chasamar-ne ar an gcathair i gcómhair an gheimhridh. Do bhí aiseag a sláinte fachta ag mo mhnaoi, fé mar a chuir sí i n-úil i dtráth nuair a rug sí ár gcéad leanbh mic. Liam a bhaisteamar air sin, óm dhearthách.

An geimhreadh sin thugas fé shaghas Club polaitidheachta a chur ar bun agus cheapas go dtiocfadh a lán maitheasa as. Móirsheisear nó ochtar a bhí páirteach ann, go raibh teist tallann agus tír-ghrádha ortha agus a bhí cheana tar éis clú a tharrang dóibh féin de thoradh a gcuid saothair liteardha. Dob iad iad Seán Stac, duine de *Fellows* Choláiste na Tríonóide; an Dr. Liam Ó Draighneáin, údar na leitreacha gcáilmhar go mbíodh Orellana mar ainm chleite leo; Seosamh Pollock, a scríobh leitreacha ba mhó clú fós fé'n ainm Eoghan Ruadh Ó Néill; Peadar Burrowes, adhbhacóideach, fear go raibh aigne cumasach, iltréitheach aige; Liam MacEoin, dligheadóir, fear eile ba mhaith tallanna; Whitley Stokes, *Fellow* i gColáiste na Tríonóide, fear ná raibh de shárú ar mhéid agus ar ilgnéitheacht a chuid foghluma le fagháil ach uimhir agus dílse na sobháilcí a bhí ann féin; An Ruiséallach a bhí 'na bhall le scríobhadh agus mé féin.

Ó thárlaidh go raibh tuairimí an uile dhuine againn ar aon dul an uair úd i dtaobh na bpoinntí tábhachtacha a bhain le polaitidh-eacht, pé mar d'éirigh easaontadh eatartha ó shin, agus ó thárlaidh gur dream le heolas, le tallanna agus le hionnraiceas a bhí ar an gclub beag san, níorbh iongnadh a cheapadh go bhfoillseochaí saothar fónta uatha i bhfuirm cló. Pé slí thárlaidh sé, ámh, ní go

ró mhaith a réidhtighimís féin le 'chéile. Ní bhíodh san deireadh ins na cruinnithe againn ach ócáid chun béile oidhche. Ní raibh ionnainn ach club chun oisrí d'ithe. Ar deireadh, d'éirigh míothuigsint, nó b'fhéidir míothaithneamh buan d'á chéile idir an Draighneánach agus Pollock. Do bhí an bheirt aca ar nós Caesar agus Pompey d'iarraidh ciaca bheadh 'na impire sa litridheacht. Annsan d'imigh Seán Stac i mbun a bheathadh san Tuaisceart. An luighead tairbhe a bhraitheamar ag teacht as ár gcoidreamh ar a chéile, thug sé orainn éirghe as an scéal duine ar dhuine, agus mar sin tar éis a trí nó a ceathair de mhíosa de shaoghal gan anam, chuaidh an club i n-éag agus níor fhág de shliocht rómhion 'na dhiaidh ach tuairim dosaon d'aistí ar adhbhair éagsúla. Do measfaí dhóibh uile, is dóigh, bheith cuibheasach, ach ní raibh aon fheabhas thar barr i n-aon cheann aca. Is deimhin liom dá gcaitheadh aon duine againn seachtain saothair le haon adhbhar deaghthoghtha go déanfadh sé obair 'na aonar a bheadh deich n-uaire níos tairbhighe . an saothar a bhí ar faghail i ndiaidh an club go léir an fhaid a bhíodar le 'chéile.

Do chuir an iarracht san i dtuigsint dom nach ceart daoine móirthréitheacha a bhailiú le 'chéile le fonn deaghshaothar d'fhagháil uatha. Ní oibrighid siad go maith ar seisrigh. Is minic a thugas fé ndeara i gcuideachtain gur milleadh ar an gcómhrádh an iomad de lucht deisbhéalaighe a bheith do láthair. Ní dóigh liom go rabhas ar aon chuideachtain riamh ba neamhshoilbhre ná fiche duine a tugadh go speisialta le 'chéile go raibh gach duine aca, beagnach, agus clú mórthallann nó móirthréithe coidrimh agus cuideachtanais air. D'fhanamar 'nár suidhe agus dheineamar cómhrádh stuamdha le chéile agus thugamar iarracht, maille leis an mbuidéal a chur thart fé luas, chun anam éigin a chur san gcainnt. Ach níorbh aon mhaith é. Do bhí gach duine gabhtha i n-éide catha de'n intliúlacht agus do bhraith gur dhídean do é, bíodh go raibh fé mhíoshuaimhneas ann. Ba mhór an fhuascailt dúinn uile é nuair a ceaduigheadh dúinn dul abhaile, agus sinn féin a ghléas 'nár *robes de chambre* gnáith, agus i gcuaránaibh fé chompórd. Ba leor aon bheirt d'á raibh do láthair chun soilbhre agus taithneamh a dhéanamh do rogha cuideachtan; ach iad uile do bheith ar aon láthair—" ba ró-iomadach an onóir é," fé mar adeir Wolsey.

Le linn dom bheith ag áireamh ainmneacha na ndaoine bhí san gclub is iongnadh liom gur fhágas ar lár ainm duine nár mhó agam aoinne aca ná é, agus gur mhó agam é ná a lán aca toisc

feabhas a thallann agus a phrionsabal. 'Sé duine é ná Tomás Addis Emmet, adhbhacóideach. Duine do réir mo mheoin féin é. Do bhí aigne mór iltréitheach aige. Do bhí grádh dúthrachtach dil d'á cháirde ann. Do bhí sé go daingean seasamhach 'na dhílse d'á chuid prionsabal agus d'fhulaing a lán ar a son agus d'fhulaingeochadh an bás, mar mheasaim, dá mba ghábhadh. Do bhíomar araon ar aon tuairim go hiomlán. Dá mbeadh orm eidirdhealú a dhéanamh ar na daoine go bhfuil meas agam ortha chuirfinn Emmet le taobh an Ruiséallaigh ar uachtar an liosta de bhrí go mbeadh, 'na dtaobh araon, mian díoghraiseach mo chroidhe ar aon aontadh go cruinn le tuairim chinnte mo dhéinbhreithiúntais. Tá daoine ann agus tá cion agam ortha chómh mór agus is féidir a bheith. Táim cinnte, cur i gcás, má tá fíorcháirdeas ar aon chor ar an dtalamh, go bhfuil sé eadram féin agus Whitley Stokes agus Seoirse Knox agus Peadar Burrowes. Fir iad san gur mór agam na tallanna atá aca agus na sobháilcí atá ionnta, agus go bhfuil grádh agam dóibh féin. Ach d'á mhéid agus d'á dhílse an bháidh atá agam leo, ní de'n chinéal céadna í féin agus an bháidh atá agam leis an Ruiséallach agus le hEmmet. Ó'n gcéad uair a chuireamar aithne ar a chéile tá cómhaontadh tuairime agus tuigseana eadrainn i dtaobh gach scéil gur dóigh linn gur tábhachtach é, agus do bheir san ceangal ródhlúth eadrainn. Tá dílse gan fiaradh tugtha againn do'n chuspóir céadna agus sinn ag baint feidhme as na meoin chéadna chuici. Cómhoibrithe sinn san tsaothar céadna, i gcómhchuibhreann dúinn san mbaoghal céadna, dob ionann dóchas agus míodhóchas, mian agus naimhde dhúinn a dtriúr. Nuair a áirmhightar iad san uile, i dteannta tallann agus prionsabal na bhfear féin, ní hiongnadh má mheasaim an Ruiséallach agus Emmet do bheith ar tosach mo charad agam. Má thagann caoi choidhche chuige, agus ó'n tslí atá rudaí ag gluaiseacht fé láthair measaim go dtiocfaidh, is dóigh liom go mbeidh a dtír dhúthchais ar aon aigne san scéal san. Dála Burrowes agus Knox, tá deifridheacht bhunúsach idir a gcuid tuairimí sin agus mo chuid-se i dtaobh polaitidheachta. Is creidiúint dúinn a dtriúr, is dóigh, gur mhair an cion agus an meas againn ar a chéile d'aindeoin na buanmhalairte sin 'nár gcuid tuairimí. Ceapaim-se, pé scéal é, gur mór an onóir uatha orm féin é, óir ní mhaireann beirt eile gur mó agam deaghthuairim a bheith aca dhíom. Is fada go ndearmhadfad an caradas buan gan chlaochlódh a bhí aca dhom nuair a bhíos, dar le haoinne beo, i n-umar na haimléise agus go raibh daoine eile ann, gur lugha bhí cúis aca chun

mo thréigthe, a sheachain mé fé mar sheachnóchaí duine go mbeadh tagaithe amach ar a chroiceann. Ach tráchtfad air sin uair eile.

Maidir le Whitley Stokes ba chómhgaraighe é 'na thuairimí polaitidheachta dhom ná ceachtar aca Knox ná Burrowes. Do ghním tagairt do so de bhrí go bhfuil, san tsaoghal so anois againn, an pholaitidheacht meascaithe san uile ní, fiú i gcáirdeas príobháideach daoine. Nílimíd, mar sin féin, ar aon aigne i dtaobh roinnt mhaith de phoinntí tábhachtacha, agus na prionsabail ná réidhtighimíd 'na dtaobh is de bhrí a dheaghchroidhe sin é. Is mór mar ghoilleann drochbhail a thíre air agus is cóir, agus is mór, an t-olc atá aige do'n dream do dhein foiréigean uirthi; mar sin féin, tá de chneastacht agus de dhaonnacht ann gur fuath leis aon iarracht a tabharfaí, chun í fhuascailt, go dtiocfadh dortadh fola tríd. San gcúinse sin níl sé de ghrásta ionnam-sa réidhteach leis. Caithfead a rádh gur dóigh liom, d'aindeoin na himnidhe thar meon so atá air i dtaobh nam daoine eile, ná fuil aon duine is rabairnighe bheadh ag cur a nama féin i mbaoghal ná Whitley Stokes dá réidhtigheadh an chúis le n-a choinsias, óir tá an chaondúthracht ann de nádúir, ach "*what he would highly that would he holily*," agus is baoghal liom ó'n dul atá ar nithe fé láthair ná fuil fagháil air sin. Tá grádh go fírinneach agam do'n Stokesach. I dteannta an aigne fónta deighleasaithe atá aige tá tréith mhór an deaghchroidhe daonnachtaigh ann. Ní dóigh go gceapfaidh aoinne dem cháirde gur luadhas a n-ainmneacha gur aon stainncín ortha féin é mé a rádh, le brí iomlán na bhfocal, go dtuigtar dom gurab é Whitley Stokes *an fear is fearr ar bith* d'á raibh riamh ar m'aitheantas. Ó's ag teacht thar an scéal san dom ní miste liom a rádh go raibh an t-ádh liom ar feadh mo shaoghail go léir i dtoghadh mo charad. Tá súil agam go bhfuilim buidheach mar ba chóir de chionn comaoin a ndeaghthuairime agus is adhbhar maoidhimh agam é bheith im chumas a rádh gur lean an meas san díom fiú ag daoine ná réidhtighinn i n-aon chor leo i bpoinntí bunúsacha agus ar ócáidí dúircheast, agus thárlaidh san gan claochlódh ar sheasamhacht ná ar phrionsabail ar aon taobh—ní d'á dtuilleann siad san, ámh, níos mó creidiúna ná mar thuillim-se. Ach chun filleadh ar mo scéal. Tar éis na fánaidheachta fada so atá déanta agam, tré bháidh leis na cáirde fónta do luadhas is go bhfuilim i bhfad i gcéin uatha, is mór an sólás dom anam cuimhneamh ortha agus ar an ngrádh dílis beo atá agam dóibh. Ag Dia amháin atá a fhios an dtárlócham le chéile choidhche arís, nó má thárluigheam, an mó duine againn a mhairfidh tar éis na troda so

go mbeimíd, is léir, páirteach ann. Má's é mo dhán féin tuitim ann beidh an fhianaise bheag so ar fagháil im dhiaidh ar an mbáidh a bhí agam leo. Do scríobhadh é ar aiste a dheimhneochaidh mé bheith dáiríribh le linn a dhéanta.

IV

POLAITIDHEACHT AGUS DREAMA NA hÉIREANN, 1790—1791.

Na trí dreama—Protastúnaigh, Dí-aontaigh agus Catoilicigh. Árdchoiste na gCatoiliceach. An mhúscailt a thug Réabhlóid na Frainnce ar chúrsaí poiblidhe i nÉirinn. Ceist na gCatoiliceach. Risteárd de Búrc. Tone do ghabháil le dream na gCatoiliceach.

Do bhí an Réabhlóid san bhFrainnc fé'n am so breis agus bliain ar bun. Le linn a tosnaithe, ó's é an tuigsint tosaigh is macánta bhíonn, bhí moladh gach duine air, ach i gcionn tamaill bhítheas a réimhbhreithniú cad a bhainfeadh do ríthe agus d'uaisle d'á dheascaibh, agus bhí lucht cothaithe an dá dhream san ag cúladh ó'n mórmholadh. Annsan do craobhscaoileadh an mórcháineadh a dhein an Búrcach, agus tháinig i dtráth 'na dhiaidh freagradh Phaine fé'n tideal "Cirt an Duine." De dheascaibh na híomarbháidhe san, agus an ní ollmhóir ó dtáinig sé, tháinig athrú láithreach ar an bpolaitidheacht i nÉirinn. Dhá bhliain roimhe sin do bhí tromchodladh ar an náisiún. Ní raibh de rian saothair ann ach an iarracht bheag lag do bhí ar siubhal ag Club na Whigeanna, d'á shuaraighe agus d'á luighead éifeacht é, agus do measfaí do dhuine é bheith ar éagantacht a chuimhneochadh ar atharrach córais a cheapadh do'n Phairliméid. Do bhí gach dream innti go mór i gcoinne aon ní d'á leithéid. Do luadhas cheana go dtugas, le linn na meirtine agus an droichmhisnigh sin, iarracht nár éirigh leis fé fhorlámhas Shasana, nuair a scríobhas paimpléid ar an mbriseadh cáirdeasa a bhí d'á thuar leis an Spáin agus luadhas farais sin ná fuaireas an dara duine mholfadh mo shaothar ná a thabharfadh aon ghéilleadh do'n teagasc a bhíos d'iarraidh a leathadh. Ach de dheascaibh na nithe a thárlaidh go luath i ndiaidh a chéile agus go mórmór an pléascadh thárlaidh san bhFrainnc agus a shéid san aer an tíorántacht a bhí préamhaithe go daingean le cheithre céad déag bliain roimhe sin, do múscluigheadh an Eoraip uile leo san agus bhí súile cáich ó'n uile áird, fé imnidhe, dírithe ar Chómhdháil

Náisiúnta na Frainnce. I Sasana d'éirigh go buacach leis an mBúrcach an pobal go hiomlán a thabhairt ar a thuairim féin. Le draoidheacht binnbhriathar an Bhúrcaigh a shéid fé n-a lán d'á gclaontuairimí féin, agus le feidhm an fhuatha gan teorainn a bhí aca do'n Fhrainnce agus ná féadfadh dícheall an tsaoghail a athrú, thug muinntir Shasana uile a gcúl leis an moladh a thugadar i dtosach ar na hiarrachtaí glórmhara mórbhuaidhe a bhí tugtha ag pobal na Frainnce. Do ghaibh déistin iad roimh an tsaoirse agus an sonas a bhraitheadar ag teacht chun an náisiúin chómhachtaigh sin. Do mheádhadar, mar dhéanfadh lucht ceannaigh, conus a ghoillfeadh an neartmhaireacht a bheadh san bhFrainnc aithgheinte seo ar a gcúrsaí tráchtála féin. D'éirigh a gcroidhe le háthas nuair a chonnaiceadar dream aintighearna ag éirghe chun an tseanréim a chur ar bun thar n-ais, agus chun an réimeas rí a scaoileadh, b'fhéidir; agus bhíodar go míofhoidhneach ag faireadh na faille go bhfaghaidís leithscéal éigin fónta chun a maide féin a chur san iomaidh mhíochlúmhail sin fé n-a scáth. Is maith an mhaise ar an gcine daonna go bhfuaireadar an fhaill sin.

Ach bhí a mhalairt ar fad de chló ar chúrsaí i nÉirinn—tír a bhí go claoidhte, maslaithe, creachta. Ó ba dhúinn-ne ba léir cad dob fhulang tíoránachta ann, bhí báidh dúthrachtach againn le muinntir na Frainnce agus bhíomar go himnidheach ag faireadh ortha ag gluaiseacht chun saoirse. Ní raibh aon chlaonaigne daingnithe ó dhúthchas ionnainn i n-aghaidh na Frainnce fé mar bhí ag Sasana. Do réir mar ghluais an Réabhlóid chun cinn agus do réir mar leathnuigh cúrsaí d'éirigh borradh luaimneach árd i spioraid phoiblidhe na hÉireann. D'éirigh eagla agus namhdas d'á réir—nó níos mó—ins na huaisle. Ní fada an aga nó gurbh é an Réabhlóid san bhFrainnc an mheádh tómhais a bhí ar chreideamh polaitidheacht an uile dhuine, agus bhí an náisiún deighilte go comhthrom 'na dhá ndream—na harstocrataigh agus na diomocrataigh (téarmaí a fuairtheas ar iasacht ó'n bhFrainnc). Tá an dá dhream san ó shin ag féachaint nirt a chéile agus tá cinéal cogaidh ar siubhal go folaitheach eatartha. Is deimhin beagnach, de dheascaibh na gcúrsaí atá ag gluaiseacht, nach fada go mbeidh anam agus gníomh san gcogadh san.

Ní gábhadh a rádh, measaim ,gur Diomocratach mé féin ó thosach riamh; agus ó bhain lucht leanúna an Rialtais, agus saoithe agus breithiúna na dlí ortha san, leis an taobh eile, chuir san an chaidhp báis ar aon tnúth a bhí agam-sa, má bhí a leithéid riamh agam,

go n-éireochadh liom ag an mBarra mar ní fada go raibh clú amuich orm féin. Ach bhí druim tugtha agam le tamall roimhe sin le haon dóchas nó fonn go n-éireochadh liom i ngairm már thaithnigh liom, agus go dtáinig fíordhroichmheas agam do tré mhéirdreachas polaitidheachta na ndaoine a bhain léi, bíodh gur daoine iad ba lán d'onóir agus d'fhóntacht ar shlite eile. D'á bhrí sin, is annamh a théighinn go dtí na Cheithre Cúirteanna, ná ní chleachtainn aon de na meoin, go fiú staidéar a dhéanamh ar an dlí, is dual do dhaoine óga a bheartuigheann dul chun cinn 'na ngairm.

Ó tá trácht d'á dhéanamh agam beagán roimh ré ar an dtréimhse úd, is riachtanach, chun go dtuigtaí brí mo staire go ceart, breithniú gearr a dhéanamh ar staid gach dreama i nÉirinn, sé sin le rádh lucht an chreidimh stáit, na Dí-aontaigh, agus na Catoilicigh.

An chéad dream aca, agus d'fhonn eidirdhealaithe tabharfad Protastúnaigh ortha, cé nár líon dóibh an deachú cuid de líon na tíre, bhí seilbh an rialtais aca go hiomlán agus seilbh cúig séamhaithe d'fhearann na tíre, agus bhíodar fós, agus le breis agus céad bliain roimhe sin, fé shuaimhneas i seilbh ar an eaglais, ar an dlí, ar an gcánaidheacht, ar an arm, ar an gcabhlach, ar an ngiúistíseacht, ar na bhárdasaí cathrach—a fhaid ar a ghoireacht, bhí códhnachas uile na hÉireann ar a seilbh. Ó thárlaidh gur de bhrí éirligh agus creachta a fuaireadar seilbh a gcoda, agus toisc gan a bheith ionnta ach forghabhálaithe eachtranacha san tír, ní raibh, dar leo, aon urraidheacht ar shuaimhneas aca dhóibh féin, ná d'á gcuid, ach tré dhlúithcheangal le Sasana. Do bhain sí sin sochar di féin as an eagla san agus, mar íocaidheacht thar ceann an chosanta dhein sí ortha, fuair sí cead a cinn go hiomlán uatha a rogha ruda a dhéanamh le tráchtáil agus le saoirse na hÉireann. Thug nithe áirithe, go mórmór an Réabhlóid i nAmerica, caoi agus misneach do'n dá dhream atá le luadh agam chun a chur d'iachaibh ar na Protastúnaigh dlithe áirithe nárbh áil le Sasana, agus ba thairbheach d'á dtír féin, a chur i bhfeidhm. Ní leomhfaidís, toisc fáthanna tionóisce, a mhalairt a dhéanamh. Ní tháinig, ámhthach, aon atharrach gné ar éirim an fhorlámhais ionnta agus tá san curtha i n-úil aca gach caoi d'á bhfuaireadar ó shin.

D'á bhrí sin, bhí an dream úd go raibh conách agus cómhacht chómh mór san aca, bhíodar go dílis do Shasana 'ghá cheapadh dhóibh ná raibh aon tacaidheacht aca chun bheith buan ach í. Do ghabhadar chuca mar sin tuairimí agus cainnt árdchómhairle na Breataine. Dob eagla agus dob fhuath leo prionsabail na Réabhlóide

san bhFrainnc, agus b'é brí an scéil gurbh arstocrataigh cruthanta iad do réir na brí is iomláine agus is gráiniúla a ghabhann leis an bhfocal.

Na daoine bhí ar an dara dream—na Dí-aontaigh, ba mhó fé dhó ar a luighead a líon san ná an chéad dream. Coilín eachtrannach dob eadh iad súd, leis, ó bhunadh, ach ó thárlaidh gur le tráchtáil agus le déantús is mó bhí baint aca agus gan puinn 'na measc de thighearnaí móra talmhan, níor tuigeadh dóibh, fé mar tuigeadh do'n dream eile, gur ghábhadh chun iad féin a bheith buan go mbeidís fé spleádhchas moghsaineachta do Shasana. Ó bhraitheadar líon nirt agus líon a gcosanta ionnta féin ní fada a samhluigheadh dóibh gurbh aon ní eile iad ach Éireannaigh. B'iad na Dí-aontaigh plúr an airm óglach san mbliain 1782 a bhain d'Aire Shasana aiseag an ní go dtugtar, le cámas, air buinreacht na hÉireann. B'iad súd ba thúisce a thagair do agus a lean de'n éileamh go ndéanfaí malairt córais do'n Phairliméid. Do buadhadh annsan ortha tré sháirchlisteacht teangan agus lúbaireacht na n-arstocratach. Dob iad súd, leis, ba thúisce a ghaibh ós árd ortha féin a mbáidh a luadh go cinnte iomlán le prionsabail na Réabhlóide san bhFrainnc.

An treas dream d'á raibh ann, na Catoilicigh, b'iad breis agus dhá dtrian de'n náisiún uile iad. B'fhéidir gur líonmhaire ná san féin iad. Ortha san bhí muinntir na tuaithe uile i dtrí cinn de chúigí Éireann, agus ba dhíobh cuid mhaith de'n lucht tráchtála ; ach de thoradh na tíorántachta do deineadh ortha, ó thráth go 'cheile fé na dlithe daorbhroide, ní raibh aca ach fírbheagán de sheilbh talmhan, cuid fé'n gcaogaid de b'fhéidir, nó fé n-a bhun. Níl sé d'á cheapadh agam tuarasgabháil chruinn a scríobhadh annso ar an gcóras malaithe míochlumhail dlí sin do ceapadh le neamhchroidhe agus le mailís deamhan chun na Catoilicigh do chreachadh is d'anuaisliú, is chun beithidhigh a dhéanamh díobh. Is leor a rádh ná raibh aon chinéal ainchirt, aon mhasla ná aon bhacadh aigeanta, ná polaitidheachta, ná creidimh, ná sibhialais, ná armála nár himrigheadh ortha. Is deacair dom staonadh ó chur síos go mion ar an íde fuathmhar san a tugadh ortha, ach ní móide gur gábhadh dhom é agus a bhfuil de thuairiscí eile 'na thaobh ar foillsiú cheana. Do leanadh de'n chóras uathbhásach san gan maolú ar a ghéire ná ar a shíorchur i bhfeidhm ar feadh breis agus céad bliain agus d'ísligh sé urmhór de shluagh mhór na dtuathanach gCatoiliceach a bhí i nÉirinn, ionnus ná raibh ionnta i n-aigeantacht agus i gcorp ach mar bheadh ainmhithe iomchuir.

Do bhí an spioraid claoidhte san mbeagán de na huaisle do bhí fós 'na measc, agus a meon truaillithe, agus ní raibh braithstin pholaitidheachta ach i rang bheag d'á lucht ceannaigh agus tráchtála agus i n-uimhir bheag de lucht na gairme leighis gur éirigh leo oideachas do sholáthar fé cheilt d'aindeoin an chórais daorbhroide.

Suaill nach mar sin do bhí ag na trí dreamanna móra le linn túis na Réabhlóide san bhFrainnc agus go deimhin ba dheacair scéimh níos gruamdha a bheith ar aon scéal a thiocfadh fé bhrághaid aon duine gur mhian leis saoirse agus leas na dúthaighe d'ár dhi é. Ach fé mar bhí grian na fírinne agus na saoirse san bhFrainnc ag éirghe go héascaidh go dtí a céim soillseach uachtair, bhí an solus ag méadú d'á réir i nÉirinn. Tá sé le rádh 'na chéim onóra do Dhí-aontaigh Bhéal Feirste gurbh iad ba thúisce chun béas a dhéanamh d'á bprionsabail nua, agus chun a thaispeánadh tré sheasamh do'n cheart gurbh é a gceart féin bheith saor.

Do tosnuigheadh agus do leanadh d'fhorlámhas Shasana i nÉirinn e heasaontacht a tharrang agus a choimeád ar siubhal idir lucht eanúna na gcreideamh i nÉirinn (ó réimeas Eilíse agus an chéad Shéamais, pé scéal é). Dob athlamh an chabhair a bhí le fagháil ó'n dream Protastúnach ag buanú an easaontais sin, mar ba léir dóibh dá dtuigeadh na Dí-aontaigh agus na Catoilicigh choidhche cad a bheadh chun a leasa féin, agus dá ndeinidís dearmhad ar na seanmhioscaisí bhíodh eatartha agus ceangal cáirdeasa a dhéanamh agus cur le 'chéile, ná féadfadh aon toradh bheith air ach tuitim forlámhais Shasana go luath, agus baint an uaithsheilbh cómhachta a bhí aca féin díobh d'á dheascaibh. D'oibrigheadar, d'á bhrí sin, gan sos, agus d'éirigh leo ar feadh i bhfad an dá dhream do chongbháil i n-earraid le 'chéile. Do bhí sé de mhalainn ar Rialtas Shasana a áiteamh ar na Catoilicigh gur as ucht a gcarthanachta féin ná rabh-thas ag cur dlithe na daorbhroide i bhfeidhm go hiomlán, dlithe ba ró-ainspianta le cur i bhfeidhm go hiomlán, agus gurbh iad na Pro-tastúnaigh, agus na Dí-aontaigh go mórmór, ba naimhde do Cha-toilicigh, agus gurbh iad féin go fírinneach a sciath chosanta 'na n-aghaidh súd. Ar an aiste sin ghluais inneall an rialacháin chun cinn go ciúin réidh ; ach bhí an tráth tagaithe fé dheireadh nuair a thuit an córas lúbaireachta san ar lár agus gheal lá ar an bhfírinne agus ar an dtuigsint.

Chómh fada siar leis an mbliain 1783 nuair a bhí cómhdáil d'á thionóladh i mBaile Átha Cliath chun plan a cheapadh i dtaobh atharrach córais i bPairliméid, d'órduigh óglaigh Bhéal Feirste d'á

dteachtaí féin a gcongnamh a thabhairt chun ceart saorchlainne a sholáthar do Chatoilicigh. Suaill má bhí aon dream eile páirteach san iarracht fhéil sin, mar is é a ndán riamh i ngaois pholaitidheachta iad a bheith chun tosaigh ar an gcuid eile de'n tír. Do bhain an scéal sceit as an Rialtas mar sin féin agus fuaireadar Tighearna Chinnmhara, a tuigeadh a bheith, an uair sin, 'na fhear ceannais ar Chatoilicigh, chun diúltadh solamhanta i n-ainm an dreama san a thabhairt i n-aghaidh aon éileamh a bheith aca go bhfaghaidís aiseag na gceart a bhí le fada caillte aca.

D'á chlaoidhte bhí na Catoilicigh ar an am san ní fhéadfaidís fulang leis an masla deiridh sin. Do chuireadar tionóladh láithreach ar an Árdchoiste a bhí aca agus dhiúltuigheadar do Thighearna Chinnmhara agus d'á dhiúltadh san ; agus dubhradar, farais sin, gurbh é dála cách eile aca féin é agus ná rabhadar ar aon chor i ngrádh leis an aiste aindeis 'na rabhadar féin. Pé scéal é do chinn urmhór na cómhdhála óglach go nglacfaidís le diúltadh míocháilmhar Thighearna Chinnmhara i leith é bheith 'na thuairim chinnte ó Chatoilicigh na hÉireann, agus d'á dheascaibh sin níor ceapadh a saoirse sin chun a bheith 'na adhbhar aca i gcómhair leasaithe córais.

Tháinig go luath an toradh ba dhual ar an díth céille agus ar an aincheart san. Nuair a chonnaic lucht an Rialtais gur chuir an chómhdháil le n-a gníomh féin deighilt idir í féin agus an pobal mór ná raibh d'adhbhar nirt aici ach é, thugadar dubhshlán fúithi agus do scaipeadh fé mhasla agus fé mhíochlú an chómhdháil fhoirtil sin go raibh leas buan na hÉireann ar a láimh dá leantaí de phrionsabail níos uaisle. Dob éachtach an fhógairt é, an dream nach eol dóibh an ceart is dleacht a thabhairt do chách, ná faghtar infeadhma iad chun a gceart féin a chosaint.

An tÁrdchoiste a luadhas a bhí ar na Catoilicigh agus ab iomráidhteach i bpolaitidheacht na hÉireann ó'n mbliain 1792 i leith, is iad a bhí air ná a gcuid easpog, a gcuid uaisle féin ó'n dtuaith, agus uimhir áirithe de cheannaithe agus de lucht tráchtála, a bhí 'na gcómhnaidhe i mBaile Átha Cliath ach do hainmnigheadh mar ionadóirí thar cionn na gCatoiliceach ins na bailte bhárdais ar fuaid na tíre. Dob é an t-ádhbhar fár bunuigheadh an tÁrdchoiste sin ná chun athghairm a dhéanamh ar cháin leathchumaigh anbhroide go dtugtaí ' ceathrú ' uirthi ná deintaí a thobhach ach ar na Catoilicigh amháin. Do thaithnigh leis an Rialtas a cheadú dhóibh teacht chun cinn mar bhí an coiste 'na úirlis oiriúnach dóibh ar roinnt ócáidí ar dtúis. Do bhí meon na gCatoiliceach

chómh táir sin le linn an coiste a chur ar bun; timcheall na bliana 1760 agus i bhfad 'na dhiaidh, gur mhór an t-áthas ortha é go leigtaí dhóibh dul go dtí an Caisleán le dileagra déistineach úiríseal go dtí gach Fearionaid Rí fé mar thagadh, agus ná cuirtaí suim ar bith ann nó go dtáinig, san mbliain 1782 Diúic Phortland gurbh é siúd an chéad duine do dheonuigh freagradh a thabhairt ortha. Le fírinne, ar feadh fiche bliain ní dhearnaidh an tÁrd-choiste de ghnó eile ach ag ceapadh agus ag tíodhlacadh párchroinic d'á leithéidí sin ag foillsiú a dtáire suaraighe féin. An iarracht de shaothar a thug an fhearg mhacánta ortha a thabhairt le linn cómhdhála na n-óglach san mbliain 1783 dhein sé dísciú ar a gcuid nirt, dar leat, agus chuadar chómh mór ar neimbrí agus bhíodar cheana.

D'aindeoin na meirtnighe sin, ámh, bhí bíodhgadh nua ag fás i ndiaidh a chéile san dream san. Ó shaothar agus deaghshompla aon duine amháin iseadh tháinig san. Dob é siúd Seán Mac Eochaidh, agus is mór atá a thír agus go mórmór na Catoilicigh fé chomaoin aige de bhíthin a shaothair dóibh. Do fearadh dáiríribh, go beag, ameasc an choiste féin, an cath lér claoidheadh an tíorántas feodach. Do baineadh na cosa ó chómhacht na cléire agus na mbarún agus bhí an treas dream, an lucht tráctála go raibh maoin agus cómhacht ag teacht dóibh, ag allmhú i ndiaidh a chéile chun an ama a chaitheamh díobh. Ama é, is náireach a rádh, go raibh treoraithe na gCatoiliceach, 'sé sin le rádh na hEaspoig agus na huaisle, sásta le n-a chur nó, ar a luighead sásta le n-a fhágáil fós, ar a ndream féin. Cheana féin b'éigean do na treoraithe sin fulang le cath nó dhó dhul ortha i láthair an choiste, tré fheabhas tallann agus deaghlabhartha Sheáin Mhic Eochaidh, le linn dóibh bheith d'iarraidh órdaithe an Rialtais a chur chun cinn. Do thosnuigh dronga d'á n-eidirdhealú, agus tháinig dream foirtil de dhaoine nua, go raibh dánaidheacht agus tréithe nirt ionnta, i n-ionad seanuaisle na dtláthchómhairlí agus na ngníomh sclábhaidheachta. Do bhí deallramh chun feabhasa ag teacht ar nithe ameasc na gCatoiliceach agus tháinig caoi go luath chun feidhm do bhaint as dícheall na dtreoraithe nua a bhí tagaithe ortha.

De dheascaibh meoinghné an chreidimh d'ár díobh iad agus tré n-a sháirfheabhas mar scaiptar eolas polaitidheachta 'na measc tá Dí-aontaigh an tuaiscirt agus go mórmór lucht baile Bhéal Feirste 'na bpoblachtaithe dílse deigheolais. Do bhíodar ar tosach riamh ag éileamh athleasaithe Pairliméide, agus luadhas cheana

luathghaois agus deighmhéinn Bhéal Feirste ag moladh saoirse do Chatoilicigh chómh fada siar leis an mbliain 1783. Do mhúscail an Réabhlóid san bhFrainnc gach dream sa tír as an dtromshuan a bhí ortha ó'n am gur scaipeadh an mhórdháil óglach san is buan i gcuimhne. Dob iad muinntir Bhéal Feirste is túisce thóg a gceann as an duibheagán agus a bhreithnigh go cruinn aiste a dtíre dúthchais. Do chonnaiceadar láithreach an rud a bhí uatha agus an tslí amháin chun a fhagháil. Do thuigeadar go raibh cómhacht an rialtais a bhí ann ró láidir agus go mba ghábhadh neart mhuinntir uile na hÉireann d'aon bhuidhin chun é bhaint d'á bhonnaibh. Dob fhada ab eol d'á dtuigsint, má ba le bheith saor dóibh féin, nár mhór dóibh bheith ceartaiseach. Thugadar aghaidh ar na Catoilicigh seachmallta arís agus, leis an gcéill cheannaigh a fuaireadar as an mbutún a deineadh cheana, ní ámh ná raibh le cur 'na leith féin, chinneadar ar thosnú le hiarracht nua, agus ar fhoirgneamh saoirse agus neimhspleádhchais a dhéanamh d'á dtír gurbh é bonn leathan a bheadh fé ná cóimhcheartas do'n uile dhuine.

Ar a dtaobh féin bhí méadú meanman agus eolais ag teacht do Chatoilicigh i gcúrsaí polaitidheachta. Gach mí, gach lá, do réir mar bhí an Réabhlóid san bhFrainnc ag dul go rathmhar chun cinn, bhí breis misnigh agus breis nirt ag teacht dóibh agus do shamhluigh go raibh an tráth tagaithe, tar éis daorbhroid tuille agus céad bliain a chur díobh, nuair a chloisfaí arís iomrádh ortha i bpolaitidheacht a ndúthaighe féin. Do chonnaiceadar ins na héachtaí bhí d'á ndéanamh san bhFrainnc tuar solusmhar na buaidhe dóibh féin agus bheartuigheadar feidhm a bhaint go luath as an gcaoi a bhí fachta aca agus ná filleann arís ar lucht tugtha na faillighe ann.

Leis an intinn sin chinneadar, an chuid de'n Árdchoiste go raibh brí ionnta, go gceapfaí impidhe láithreach le cur i láthair na Pairliméide d'á iarraidh go ndéanfaí athghairm ar dhlithe na daorbhroide. An chéad chonstaic a bhuail leo is ameasc a ndreama féin a thárlaidh. Pé aca tré mhealladh nó tré bhagairt ó'n Rialtas é, chuir na piaraí agus na huaisle (fé mar thugaidís ortha féin) agus na heaspoig a bhí ortha go dian i gcoinnibh na hiarrachta agus, ar deireadh thiar, tar éis gach taobh aca a dhul go himeall a ndíchill, ghaibh an tÁrdchoiste, de ghuth seisir ar a luighead i n-aghaidh gach duine, leis an iarratas a bhí ceapaithe. Do bhí buaidh catha go hiomlán leis an dream óg diomocratach ach,

bíodh go ndeaghaidh an cath ar na harstocrataigh, ní raibh briste ar fad ortha. Ar chealgchómhairle an Rialtais bhí sé de spriúnlaitheacht ionnta an tÁrdchoiste do thréigean is diúltadh d'á ghníomhartha is a fhógairt ós árd ins na páipéir nárbh fhonn leo féin bheith ag buaireamh an Rialtais le haon éileamh ar shaoirse a chur chuca. Is deacair a cheapadh conus a tháinig táireacht polaitidheachta d'á leithéid, ach an bhfuil aon ní ná tiocfadh le himeacht aimsire de thoradh córais mallaithe daorbhroide. Fuairtheas seasca a hocht de dhaoine, gach n-aon díobh 'na dhuine áirdéirime, a thréig go poiblidhe agus d'aon bhuidhin a ndream féin agus éileamh na gceart ba dhual dóibh, agus fiú do cheaduigh an tréigean suarach san ós cionn a n-ainm scríobhtha. B'é siúd an toradh a tháinig as oibriú dlithe na daorbhroide ar aigne na gCatoiliceach i nÉirinn, cine chómh huaibhreach agus tá ar feadh na hEorpa uile.

Ach táim ag teacht roimh ré le rudaí agus, is dearbh, i n-ionad ›eagán meamram a bhreacadh im thaobh féin is amhlaidh atá ;tair choitchionn an tsaoghail lem linn d'á chur síos agam. Fillim agus bím chómh cumair agus is féidir. Do theip ar fad ar choiste na gCatoiliceach ar na céad iarrachtaí thugadar. Ar eagla go mbeadh aon dream i n-earraid leo cheapadar impidhe a bhí chómh lag san ná leomhfadh sí aon ní d'iarraidh. Agus níor éirigh leo oiread agus duine amháin de lucht na Pairliméide d'fhagháil chun an impidhe sin féin a thíodhlacadh. B'in é an cor suarach a bhí le linn na bliana 1790 ar urmhór de líon daoine na hÉireann. Níor baineadh an misneach díobh, ámh, agus do lean ortha agus, idir sin agus an séasúr a bhí ag teacht, bhí rudaí d'á gcur i gcóir aca chun iarratais eile. D'fhonn go mba thaidhsighe agus go mba thábhachtaighe é an t-iarratas nua thugadar leo go hÉirinn Risteárd de Búrc, aonmhac Éamoinn an mhórchlú, agus cheapadar 'na thimthire é chun an iarratais a sheoladh i láthair na Pairliméide.

Do bhí a lán buntáistí ag an bhfear óg san ar theacht do, agus go mórmór an *éclat* a ghaibh le hainm a athar agus cheap na Catoilicigh, ní nach iongnadh, go mbeadh cómhairle agus stiúradh an athar le fagháil ag an mac ar mhaithe leis féin, muna mbeadh ar mhaithe leo-san. Ach do mealladh san dóchas san iad. Do bhí tallanna maithe ó nádúir i Risteárd de Búrc agus béasmhúineadh go cúramach, is maith an dóigh, ó n-a athair air, a ghráidh go rómhór é; ach bhí sé easnamhach i mbreithiúntas agus i miotal agus go mórmór san éirim is gábhadh chun dreama daoine a riar. I

gcionn an trí mhí nó a ceathair d'ár fhan sé i nÉirinn d'éirigh leis imreas a tharrang idir é féin, agus ar chuma idir an Árdchoiste, agus gach dream san bPairliméid ; an lucht Freasabhra chómh maith leis an Rialtas féin ; agus, ar deireadh, mhianuigh sé lucht a fhostaithe a thiomáint chun nithe a dhéanamh nár thaithnigh leo, agus do cheap go raibh 'na chumas dul chun cinn gan congnamh na bhfear a thug ann é agus do chabhruigh leis chómh fada agus leigfeadh a ndualgas dóibh é. Ach do mealladh go mór san méid sin é. Do chuir sé críoch le n-a ré gearr caismearthach agus do scar leis an Árdchoiste. Do bhí an dream san, ámh, go hómósach do go deireadh na scríbe agus, ar bheith ag imeacht do, chuireadar toscaireacht ag triall air chun a mbuidheachas a chur i n-úil do de bharr a shaothair, agus bhronnadar dhá mhíle giní air.

Fé thuairim na haimsire sin iseadh thosnuigh mo choidreamh féin ar an dream Catoiliceach fé mar táim chun a innsint. Ní fhéadaim a bheith cinnte ar fad i dtaobh dátaí, óir is do réir mo chuimhne atáim ag scríobhadh de bhrí go bhfuil mo pháipéir uile i nAmerica.

Nuair a chuaidh an Ruiséallach go Béal Feirste mar a raibh a chath airm fuair sé na daoine ann chómh mór san do réir a mheoin féin, agus gur thaithnigh a shlí sin go rímhaith leo, gurbh é tháinig de ná gur ghlacadar ar muinghin go luath leis, agus deineadh ball de i gcuid mhaith clubanna. Ní é sin nár ró ghnáthach, de bhrí, ní nach iongnadh, nach mór an bháidh a bhíodh ag poblachtaithe Bhéal Feirste le hoifigigh Shasanacha. Do bhí ceist na gCatoiliceach an uair chéadna ag tosnú ar aigne an phobail a shuathadh agus mhianuigh óglaigh Bhéal Feirste, ar ócáid éigin poiblidhe ná feadar go cruinn cad é, a fhógairt go rabhadar féin taobhach léi. Leis an intinn sin scríobh an Ruiséallach, a bhí fé'n am san ar lánmhuinghin aca, ag triall orm-sa d'á iarraidh orm go sgríobhfainn agus go gcuirfinn chuige forógradh a tuigfaí dom féin a bheith oiriúnach. Do dheineas san. Do tionóladh cruinniú de'n chath óglach d'á dheascaibh sin ach, ó éirigh freasabhra gan coinne i n-aghaidh na coda de'n fhorógradh 'na raibh tagairt go díreach d'éilithe na gCatoiliceach; do leigeadh an chuid sin ar lár go fóill d'fhonn réidhtigh, agus do gabhadh leis an bhforógradh annsan d'aonghuth. Do sgríobh an Ruiséallach tuarasgabháil chugam i dtaobh an scéil sin uile agus do chuir an gnó ag machtnamh mé níos déine ná mar dheineas riamh cheana ar an gcor a bhí ar Éirinn. Níorbh fhada gur cheapas teoiric dom féin agus is í an teoiric sin atá mar riail seasamhach lem ghníomhartha riamh ó shin.

Tíorántacht an rialtais mhallaithe atá againn a leagadh ar lár, an ceangal le Sasana, atá 'na shíorthrúig do gach olc polaitidheachta d'á bhfuil orainn, a réabadh, agus saoirse mo thíre d'fhógairt—b'in iad mo chuspóirí. Cómhaontú muinntire uile na hÉireann, gach seanmhioscais a bhíodh eatartha a chur i ndearmad agus an ainm Éireannach a chur i n-ionad an ainmniúchais Protastúnach, Catoiliceach, agus Dí-aontach—b'in iad mo ghléas chun oibre. Chun na trí cuspóirí móra san a thabhairt i gcrích bhreithnigheas na trí móirdhreama creidimh. Ní raibh dóchas ar bith as na Protastúnaigh agam ó thosach, ní nach iongnadh. Do bhí greim aca san, tré uaith-sheilbh ainchirt, ar chómhacht agus códhnachas na tíre uile agus ba dheacair a cheapadh, d'aindeoin an tairbhe thiocfadh as do'n tír, go ngeobhaidís choidhche le hathraithe gurbh é toradh dearbhtha d'fhásfadh asta ná luigheadú a réime féin mar dhream ar leith. Níor ghábhadh dhom aon duadh chur orm féin i dtaobh na gCatoiliceach mar, pé athrú a thiocfadh ní fhéadfadh a gcor polaitidheachta san bheith níos measa, agus d'áirmhigheas go mbeadh a gcabhair sin deimhnitheach. D'á éaghmais sin bhíodar féin tosnaithe cheana ag gearán go géar i dtaobh na leathtrom agus na broide bhí ortha; agus 'na theannta san, dob eol dom go maith, pé bréigriocht nó brúghadh síos a dhéanfaí air, go raibh i gcroidhe gach Éireannaigh Chatoilicigh fuath biothdaingean d'ainm agus do chómhacht Shasana. Ní raibh ann annsan ach na Dí-aontaigh, dream gurbh eol dom a dtírghrádh agus a ndeigheolas. Do léirigh nithe a thuit amach go gairid roimhe sin dom, ámh, ná raibh an claonaigne a bhí 'na measc ruagtha ar fad fós asta. Do shuidheas, d'á bhrí sin, agus do scríobhas paimpléid chun na nDí-aontach gur chuireas mar thideal air: *Argóint ar son Catoililiceach na hÉireann,"* agus b'é cuspóir a bhí leis ná chun a áiteamh ortha gurbh ionann leas dóibh féin agus do Chatoilicigh agus gurbh ionann namhaid dóibh; gurbh é a thosnuigh agus a bhuanuigh meirtne agus broid na hÉireann ná an t-easaontas a bhí eatartha agus, d'á réir sin, i dtreo go bhféadfaidís saoirse a dtíre agus a saoirse pearsanta féin a chosnamh, nár mhór dóibh na seanfhalaí a thréigean, neart iomlán an náisiúin uile a chómdhlúthadh, agus gan a bheith feasta ionnta ach aon dream amháin. Do luadhas ar thaobh na bprionsabal san na fáthanna dob fhearr a bhí ar m'eolas, agus go mórmór léirigheas gurbh é fáth nár éirigh leis na hiarrachtaí a tugadh cheana, ná le cómhdháil na nÓglach san mbliain 1783, ná an fhaillighe mhícheart a thugadar do'n ní go raibh a gcómhbhráithre, na Catoilicigh, a éileamh.

Tháinig an phaimpléid sin amach fé ainm *Whig ó'n Tuaisceart* le linn Meán Fóghmhair na bliana 1791. Do thaithnigh leis na Catoilicigh an iarracht chonganta san gan iarraidh d'fhagháil, (*Ní raibh aithne agam ar oiread agus duine aca san am san*) agus scaipeadar an phaimpléid i ngach uile áit. Do mholas muinntir Bhéal Feirste ann do réir an mheasa agus na mórurraime bhí agam dóibh, bíodh ná raibh aithne d'á luighead agam ortha. Do chuireadar san eagrán an-mhór de amach agus scaipeadar ar feadh Tuaiscirt Éireann uile é, agus tá sé de shásamh ar m'aigne a cheapadh go bhfuil a lán de na Dí-aontaigh iompaithe chun mo thuairime féin agam. Is deallrathach le huaill díomhaoin dom an oiread san de thagairt a dhéanamh dom shaothar féin. Chun fírinne a rádh ceapaim go bhfuil roinnt mhórchúise ag gabháil dom i dtaobh an scéil sin ; ach ó b'é céadadhbhar na haithne a chuir an dream Catoiliceach orm é, b'fhéidir go maithfaí dhom má tá tagairt fhada déanta agam de'n rud, dar liom, dob ádhmharaighe d'ár bhain dom i rith mo shaoghail.

Do réir mar chuaidh leathadh ar mo phaimpléid bhí breis ag dul ar m'aithne ar Chatoilicigh. Dob é 'chéad chara bhuail liom 'na measc ná Seán Mac Eochaidh, agus thug sé sin aithne agam ar na treoraithe go léir, Risteárd Mac Cormaic, Seon Sweetman, Éamonn Ó Broin, Tomás Braghall, a raibh ann díobh go dearbh ar an bhFochoiste, agus urmhór na ndaoine bhfeidhmiúla bhí ar an Árdchoiste. Do bhí sé mar ghnáithbhéas an geimhreadh sin (1791) ag na Catoilicigh dinnéara breághtha a thabhairt d'á gcáirde polaitidheachta laistigh agus lasmuich de'n Phairliméid, agus bhínn-sa im aoighe i gcómhnaidhe aca, dar ndóigh. Tugadh cuireadh dhom chun an dinnéir mhóir a tugadh i n-onóir Risteáird de Búrc, le linn do bheith ag imtheacht as Bhaile Átha Cliath, mé féin agus Liam Todd Mac Seoin* go raibh cáil air le paimpléid thar barr a scríobh sé i bhfabhar cúise na gCatoiliceach. Do bhíos ar aoigheacht go láinmhinic eile ag clubanna agus ag cumainn. Do bhí go dearbh cáil mhór ag tosnú ar dhul amach orm, agus, ar shlí, ní bhítaí sásta gan mise a bheith láithreach ar aon chuideachtain a bailightaí le 'chéile ar feadh an gheimhridh sin.

Ach níorbh é sin a dheireadh, dob é toil óglach Bhéal Feirste, lucht na céad bhuidhne, an bhuidhean uaine, as ucht mo phaimpléide, ball le honóir a dhéanamh díom-sa d'á gcath. Onóir é sin ná bronnaidís go furusta agus is é mo thuairim, taobh amuich d'

*William Todd Jones.

Énri Mór Ó Murthuile,* gur mé an t-aon duine amháin go dtugadh an onóir sin do i gcómhartha deighmheasa. Tugadh cuireadh dhom, leis, chun roinnt laethe a chaitheamh i mBéal Feirste chun cuidithe leo chun an chéad chlub de chumann na nÉireannach nAontaithe a chur le 'chéile ; agus chun aithne phearsanta a chur ar na daoine sin ná raibh cheana agam ortha ach aithne éaghmaise, bíodh gur mhór é mo mheas ortha.

*Henry Flood.

V

CUMANN NA NÉIREANNACH NAONTAITHE
1791.

An chéad turas ag Tone go Béal Feirste. A theagmháil le Mac Néighill, na Simmsaigh, Singclair agus Mac Cába. Club d'Éireannaigh Aontaithe i mBéal Feirste. Club eile i mBaile Átha Cliath. Séamas Napper Tandy. Tandy ar a sheachaint. Tone agus an Ruadhánach san mbearnain. Míoshásamh Phonsonby agus na Whigeanna le Tone. Diúltú sa Phairlimeid d'athchuinghe na gCatoiliceach. Gléas nua oibre d'á cheapadh ag na Catoilicigh. Tone do cheapadh 'na leasrúnaidhe d'Fhochoiste na gCatoiliceach.

D'á bhrí sin i dtosach míosa October chuas óthuaidh i dteannta mo charad, an Ruiséallach. Do bhí seisean an uair sin tar éis éirghe as an arm agus do bhí i mBaile Átha Cliath i mbun a chúraim phríobháidigh féin. Do chuireas síos i saghas dialainne na nithe thárlaidh dom ar an gcuaird sin—an chuaird ba mhó taithneamhaighe agus b'inspéisighe d'á dtugas riamh. Do leanas de'n bhéas san na dialainne do scríobhadh ó am go ham ó shin do réir mar bhuaileadh nithe tábhachtacha im threo. Tá eolas d'á bhaint agam as an dialainn sin anois. Ní beag dom a rádh annso gur fearadh fíorchaoin fáilte rómham agus go bhfuaireas ann na daoine ba mhó ionnraiceas poiblidhe d'á bhfuil san tír; agus ba mhó ionmholta d'á bhfuil ar bith le sobháilceas teinteáin. Do bhí sé de'n ádh orm áis a dhéanamh dóibh agus do ceangluigheadh cáirdeas eadrainn ba dheacair, measaim, a bhriseadh. Cinéal ainchirt iseadh é tagairt do dhaoine as a n-ainm, ach ní féidir liom a shéanadh orm féin an t-aoibhneas a gheibhim ag cur síos ar an ádh a bhí liom agus ceangal le Somhairle Mac Néighill, Roibeárd Simms, Liam Simms, Liam Sinclair, Tomás Mac Cába—b'fhearr dom stad annso mar sé chítar dom ar áireamh líon mo phríomhcharad gurab é atá ann ná liost de na daoine i mBéal Feirste is mó cáil le hionnraiceas, le tallainn agus le tírghrádh. Ach leanaimís orainn.

Do chuireamar an club ar bun. Mise do scríobh an forógradh. Is dearbh gur thionnscnamh ar ré nua polaitidheachta i nÉirinn cur an chluba san ar a bhonnaibh. Ar deireadh, tar éis seal trí seachtaine

a chaitheamh ann, tréimhse is fearr a thaithnigh liom d'ár chaitheas riamh, d'fhilleas féin agus an Ruiséallach go Baile Átha Cliath agus é curtha orainn, ó ba Phrotastúnaigh sinn, coidreamh a dhéanamh ar na treoraithe ar son na maitheasa poiblidhe agus, má b'fhéidir é, club de Chumann na nÉireannach nAontaithe a chur ar bun sa phríomhchathair.

Ní raibh aon aithne agam-sa ná ag an Ruiséallach ar fiú duine de na treoraithe sin. Ní fada, ámh, nó gur éirigh linn aithne a chur ar Shéamas Napper Tandy a bhí 'na phríomhdhuine ortha. Do chuir sé sin i n-aithne a lán eile dhíobh sinn ionnus gur éirigh linn go luath agus cuireadh club ar bun. Dob é Síomon Uasal de Buithléar an chéad chathaoirleach a bhí air, agus Tandy an chéad rúnaidhe. Do ghaibh an club le forógradh a mbráithre cumainn i mBéal Feirste agus thosnuigh cóimhfhreagairt láithreach eatartha. Níl ann ach lom an chirt d'á thabhairt do dhuine macánta, go ndearnadh géirleanúint air i dtaobh a dhílse d'á phrionsabail, a luadh annso i dtaobh Tandy gurbh eol do, nuair a tháinig sé chun cinn ar an ócáid sin, go raibh sé ag saothrú eascáirdeasa dhó féin ameasc cualachtaí ionchorporaithe Bhaile Átha Cliath, dream go raibh léith aca leis le fiche bliain. Is deimhin gurbh é an ní sin céadna a thárlaidh, agus bhítheas i n-earraid leis. Níor chuir san cosc leis, ámh, gan an gnó a ghaibh de láimh a dhéanamh go diongbhálta. Do bhí sé de dhaingne ann an ní thaithneochadh leis féin a leigean ar lár, agus leas a thíre do shaothrú 'na ionad. Dob é fírinne an scéil é gur Phoblachtaidhe Tandy a bhí dáiríribh agus níor ghábhadh a lán argóna chun a chur 'na luighe air nárbh fhéidir Poblacht a chur ar bun choidhche ar aon chuma eile ach le cabhair cómhaontaithe na ndaoine uile. D'á bhrí sin thug sé druim láimhe leis an gcuspóir beag agus do ghaibh leis an gceann mór. Do thréig sé an t-urlámhas deimhnitheach a bhí aige (agus a bhí tuillte go maith aige) san gcathair, ar an urlámhas ba dhóigh a bheadh aige (agus gur maith an díol air é) san náisiún. Im thaobh féin de, measaim gur ceart dom a rádh nárbh é cur na Poblachta ar bun príomhadhbhar mo mhachtnaimh-se an uair sin. Dob é bhí uaim ná saoirse a sholáthar dom dhúthaigh fé ghné éigin rialtais. An fuath a bhí agam do Shasana fé ndeara dhom san, mar bhí sé sin préamhaithe chómh doimhin san ionnam gur mhó de chlaonadh nádúrtha bhí ann ná de phrionsabal. D'fhágas fé dhaoine gurbh eolgaisighe chuige iad breithniú a dhéanamh ar na tréithe fónta a bhain leis na fuirmí éagsúla rialtais. Ba leor liom-sa bheith ag obair liom do réir mo thuigseana féin, agus bhí san go hádhmhar-

ach ar aon dul, do réir mar cuireadh i bhfeidhm é, le tuigsint na ndaoine a dhein breithniú níos fairsinge agus níos ceartaisighe ar an gceist ná mar dheineas-sa an uair úd. Ach fillimís ar an scéal.

Is ar éigean a bhí an club curtha ar bun nuair d'imigh uaim-se aon rud i bhfuirm urlámhais ar bith a bheith agam i n-aon ní d'á ndeinidís. D'fhág san go mór míchéadfadhach mé ar dtúis. B'fhéidir dá bhfanadh an cumas agam ar iad a chómhairliú go bhféadfainn an rud a theip ar mo dhícheall iomad d'uairibh a dhéanamh,'sé sin cosc a chur leo ó dhul le mícheill, rud a thug caoi d'á naimhde chun buntáistí móra do bhreith ortha. Tar a éis is fearr a tuigtar gach beart. Mar sin a thárlaidh, ar chuma ar bith, nár fhan puinn iomráidh orm-sa san gclub, ach bhí sé de shásamh agam go bhfeaca é ag dul i líonmhaire gach lá, agus i dtábhachtaighe. Tháinig na Catoilicigh, go mórmór, 'na ndronga isteach ann, chómh maith le cuid de na Protastúnaigh a bhí páirteach i gcumainn a fuair clú le fialaigne agus le spioraid phoiblidhe ar ócáidibh roimhe sin. Go dearbhtha, i gceart do'n chumann, caithfead a rádh go gceapaim ná raibh dream le polaitidheacht riamh ann gur mhó bhí 'na measc de thírghrádh dílis éadtruaillithe, maraon le dlús maith tallainne. Do thosnuigh an pobal ag cur suime ins na clódhanna a chuiridís amach. An Dr. Ó Draighneáin is mó do scríobhadh iad agus do bhí cuid aca ar fheabhas. Ba mhóide an tsuim ionnta gur tuigeadh i dtaobh na ndaoine a chuir amach iad ná raibh léith ar bith aca le tuairimí ná le cúis aon dreama agus, ar shlí fhairsing, neimhphearsantúil, nár staonadar ó cháineadh an dreama a ghairmeadh patroitigh díobh féin ach oiread leis an dream ba chúilchearrbhaigh do'n Rialtas, rud a thaithnigh thar barr liom féin, óir is fada bhí droich-mheas níos mó agam ar an dream go dtugtar freasabhraigh ortha ná ar na stríopaigh choitchionna a bhain le forradh an chiste, nár bhain aon fhimineacht leo, pé rud eile a bhain.

Fé dheireadh, le linn do'n Atúrnae Generálta bheith ag trácht ar an gcumann san bPairliméid, labhair sé go tarcaisniúil 'na thaobh agus d'éilimh Síomon de Buithléar, an cathaoirleach, míniú d'fhagháil uaidh ann agus dhein Tandy, an rúnaidhe, mar an gcéadna. Do ghaibh an Buithléarach leis an míniú tugadh, ach ní gheobhadh Tandy leis. Tar éis a lán teachtaireachtaí, nach é mo ghnó-sa cur síos ortha, do ghearán an tAtúrnae Generálta ar deireadh san bPairliméid ar shárú príbhléide, agus do hórduigheadh, do'n chéad dul, Tandy do ghabháil. D'á dheascaibh sin do gabhadh le teachtaire é, ach fuair sé faill ar éalódh uaidh. Cuireadh forógradh

amach láithreach agus do tairgigheadh duais as é ghabháil. Do bhí an cumann, de bhrí an scéil seo, fé mhíochomhthrom agus thuigeas go raibh sé orm-sa, pé ní a thiocfadh as dom féin, iarracht a thabhairt chun ná tagadh aon tláithínteacht neamhchóir san gcumann ós cómhair an phobail. Do bhíomar féin agus an Pháirliméid i ngreama gleice le chéile i dtaobh ceist príbhléide, agus níorbh fhéidir cúladh ó'n iomrascáil gan míochlú buan a thuilleamh.

Ar an aiste sin dúinn do leigeas mo shúil ar Archibald Hamilton Ó Ruadháin, duine bhí iomráidhteach san gcumann agus gur chuir a ionnraiceas, go poiblidhe agus go príobháideach, a ainm ó bhaoghal a cháinte fiú ag mímhéin aon lucht polaitidheachta. Dream de'n chéim ba ghalánta dob eadh gur díobh é, má's ionann céim agus galántacht ar aon chor; agus, thar gach ní eile, bhí misneach dosháraithe ann agus, toisc an tslí bhí an scéal againn fé'n am san, rud fíorthábhachtach dúinn dob eadh san mar scéal.

Do chuas, d'á bhrí sin, ag triall ar an Ruadhánach. Do léirigheas do go raibh tuairim an phobail ag tosnú ar dhul 'nár gcoinnibh san ngnó so agus go gcaithfeadh cuid éigin againn dul san mbearnain ós árd pé rud a bhainfeadh dúinn agus a thaispeáint do'n Phairliméid agus do'n tír uile gur dream sinn ná féadfaí a scannrú ná a chur fé chois go furusta. Do thairgigheas do dá dtéigheadh sé sin san gcathaoir go ndéanfainn-se, le cead an chumainn, gnó na rúnaidheachta agus go gcuirfimís ár n-ainmneacha le haon chlódhanna foillse a thárlóchadh go mba ghábhadh a chur amach. Do thoiligh an Ruadhánach láithreach agus d'á bhrí sin ag cruinniú na céad oidhche eile do toghadh 'na chathaoirleach é agus mise im rúnaidhe ar iongnais Tandy. Do ghlac an cumann leis na rúin do tairgigheadh. Do bhí cainnt ionnta thug masla do mhiadh na Pairliméide agus ba gheall le dubhshlán é d'á húdarás. Do chuireamar ins na páipéir nuachta uile iad agus cúig mhíle cóib díobh i gcló agus ár n-ainmneacha leo.

Dob é rud ba lugha a cheapas féin agus an Ruadhánach a dhéanfaí linn de dheascaibh an ghnímh sin—a bhí, measaim i láthair gach scéil, mó is dána—ná sinn a chur i gcarcair Newgate le col príbhléide, agus 'na theannta san, b'fhéidir, sinn a tharrang chun aighnis go pearsanta le cuid de lucht na Pairliméide; mar mhol sé sin, agus réidhtigheas-sa leis, d'á labhartaí go maslúil i dtaobh aoinne againn le linn aon díospóireachta a thiocfadh i dtaobh an ghnótha, go dtabharfaimís aghaidh ar an duine, pé b'é féin, agus go gcuirfimís d'fhiachaibh air a bhréithre a shéanadh nó cath a sheasamh.

Ach gnó i n-aistear dob eadh an déineacht ar fad againn. Pé an ní ba bhun leis, an Phairliméid a bheith sásta leis an mbuaidh a fuaireadar ar Thandy gurbh éigean do dul i bhfolach ar feadh tamaill, nó gur cheapadar nárbh fhiú an Ruadhánach ná mé féin aon tsuim a chur ionnainn ; nó munab amhlaidh a bhí, fé mar cheapas féin, neamhfhonn ortha dul i ngleic le duine chómh daingean misniúil leis an Ruadhánach, gan trácht ar an gcion a bhí ag an bpobal air—pé aca san é ní thugadar aon áird ar na rúin do ritheadh againn-ne. Ar an tslí sin do bhí sé d'ádh air siúd agus orm-sa agus b'fhéidir nach miste a rádh, de thairbhe ionnainn an cumann a chosaint ar an olc a bhí ag bagairt air gan aon olc d'fhulang sinn féin, bíodh go raibh roinn de bhaoghal dúinn araon ann. Do bhí sé de shásamh againn, leis, go bhfeacamar, i n-ionad aon dímheasa do theacht ag an bpobal ar an gcumann, gurab amhlaidh do mhéaduigh a meas air toisc a dhaingne a sheasaimh sé ar an ócáid. Ní fada 'na dhiaidh sin, an lá deiridh de sheisiún na Pairliméide, gur ghaibh Tandy i láthair an phobail agus do gabhadh é. Do lean an cumann é go dtí Tigh na Pairliméide. D'órduigh an Ceann Cómhairle é chur i gcarcair Newgate. Do beireadh ann é agus lucht an chumainn 'na dhiaidh i gcómhnaidhe. Leathuair a chluig 'na dhiaidh sin do cuireadh an Phairliméid ar athló agus do scaoileadh saor Tandy láithreach agus beireadh go caithréimeach é chun a thighe féin.

Ar an ócáid sin, dar ndóigh, bhíos féin agus an Ruadhánach do láthair i n-ailéar an Fheistighe. Ó ná raibh deimhne againn ná go dtabharfaí fúinn féin thugamar aire go ndeaghamar i n-ionad mhaith phoiblidhe. Do chuireamar umainn culaithéide chlub na Whigeanna, a bhí beagán spiagach, chun a chur i n-úil do chách dárbh imnidhe é gurbh 'in ann sinn. Thugamar fé ndeara gur fhéach cuid mhaith de na teachtaí 'nár dtreo ach níor cuireadh a thuille suime ionnainn, níor luadhadh ár n-ainm, agus d'imigh an scéal go léir tharainn gan a thuille gleoidh. D'éirigheas as an rúnaidheacht agus ghaibh Tandy arís do láimh í. Thárlaidh an ní sin i n-earrach na bliana 1792. Ba cheart dom ní eile a chur síos, an lá tar éis an ní do luadhas d'fhoillsiú bhíos i gcómhgar an Fheistighe 'ghá cheapadh go nglaodhfaí orm 'na láthair chun cúntas a thabhairt san rud a bhí déanta agam. Do bhí iarrtha agam ar mo charaid Sir Labhrás Parsons rabhadh a thabhairt dom i dtreo go bhféadfainn dul 'na láthair, ach chuaidh an Feistigh tré theine le tionóisc agus do dóghadh go talamh é.

Do bhí daoine ag tosnú ar chuid mhaith suime a chur i gCumann na nÉireannach nAontaithe de dheascaibh na nithe sin a thárlaidh. Do bhí a fhios ag cuid mhaith de'n tsaoghal gur mise ba mhó ba chúis le n-a chur ar bun. Gan coinne, lá, tháinig chugam an t-adhbhacóideach a labhair liom tuairim dhá bhliain roimhe sin thar ceann Cumainn na Whigeanna, gnó a bhí le fada imithe i ndearmad óm chuimhne-se. Dubhairt sé liom gurbh oth leis an fuadar nua so bhí fúm san bpolaitidheacht, agus thairis sin do dheimhnigh dom ná glacfaí go coitchionnta ar aon chor leis na prionsabail a bhí anois agam, agus d'á bhrí sin go rabhas ag caitheamh mo dhíchill gan tairbhe a dhéanamh d'aon ní. Do chuir i n-úil, dom, leis, ach le deaghmhúineadh mhór, gur thréigeas mo dhílse do na Whigeanna; agus do leig air gur thuig gur dream iad go ndearna-sa ceangal leo agus gur cheart dom, d'á dheascaibh sin, cómhairle ghlacadh leo sular imigheas ar an gcúrsa nua go rabhas gabhtha ann go deireannach. Níor thaithnigh an chuid deiridh d'á allagar i n-aon chor liom ach thugas freagradh séimh do mar sin féin, agus dubhart, ag tagairt do na prionsabail a luaidh sé, nach gan iad a scrúdú go maith bhí glacaithe agam leo. Maidir leis an bpaimpléid a scríobhas ar mhaithe le cúis na gCatoiliceach ná raibh focal ann nár chreideas go diongbhálta agus d'á bhrí sin ná raibh cathú ná fonn a shéanta orm. Maidir leis an gceangal, dar leis, a bhí eadram agus na Whigeanna, chuireas i gcuimhne nach mise a chuaidh ar a dtóir ach, a chonntrárthacht san, gurbh iad súd a tháinig im dhiaidh-se agus má tuigeadh dóibh sin tar éis an scéil a bhreithniú nárbh fhiú dhóibh coidreamh orm-sa a chothú, nach orm-sa bhí an locht. D'innseas do nár labhair Mr. Seoirse Ponsonby, a bhí dar liom 'na cheann ar an scéal, liom thar dosaon uair riamh agus nár thagair aon uair ach do ghnáthchúrsaí an lae agus ná leigfeadh uaibhreacht dom fulang le híde de'n tsaghas san, agus má ceapadh go rabhas i gcumas fónamh a dhéanamh do'n *pharty* ná déanfainn an fónamh ach ar coingheall go raghthaí ar iontaoibh agus ar cóimhfhreagairt liom féin, agus nárbh áil liom mo riar ar aon dóigh eile; gur dócha go gceapfadh Mr. Ponsonby go raibh tóirtéis ró mhór ag baint leis an bhfógradh san, ach go raibh m'aigne-se socraithe air agus gur daingne de é a fhios a bheith agam gur duine uaibhreach an fear úd féin. Ar deireadh dubhart go raibh mo chead aige an méid sin uile a chur i n-úil agus nár bhraitheas go rabhas fé aon cheangal ná aon chomaoin ar bith; gur scríobhas gan iarraidh paimpléid i bhfabhar na Whigeanna, gur fostuigheadh d'á bhrí sin mé im ghairm, chun

gnótha a bhuaidh cheithre fichid giní dhom ; gur leor liom de dhuais an méid sin ach gur tuigeadh, leis, dom nárbh airgead gan tuilleamh é ; go rabhas gabhtha fé láthair lem rogha dreama féin ; gurbh fhios cad iad mo phrionsabail agus ná raibh fonn a n-ath-gharma orm ar chor ar bith ; gurbh 'in déanta a raibh déanta agam agus mé beartaithe ar sheasamh leis.

Dubhairt mo chara annsan gur thruagh leis mé bheith chómh ceanntréan i n-iomchur a bhí, dar leis, chómh mór ar díth céille. Dubhairt sé nárbh áil leis féin ach mo leas-sa a dhéanamh agus thugas creidiúint ann dó agus d'fhág sé slán agam. Do chuir sé sin deireadh go bráth le haon cheangal idir mise agus na Whigeanna.

San ngnó san labhras go díomsach mar chuir sé olc orm an cheilg a chur im leith, agus 'na theannta san ba mhian liom buille a thabhairt do Mhr. Seoirse Ponsonby a cheap, dar liom, mé chong-bháil 'na sheirbhís féin mar shaghas paimpléadóir agus le n-a linn sin thug toghadh an aire gur sheachain sé aon rud i bhfuirm cóimh-fhreagartha liom féin. Ní raibh sé de laige ná de spriúnlaitheacht ionnam-sa go bhfulaingeochainn mé bheith ar aiste d'á leithéid, agus ó bhí a fhios agam go maith go raibh sé ar na daoinibh ba mhó díomas i nÉirinn, chuireas rómham labhairt go neamhspleádhach cóimhchéimeach leis.

Tar éis an chómhráidh sin chuireas uaim de'n dara huair aon smaoineamh ar Phonsonby agus na Whigeanna, ach do cuireadh i dtuigsint 'na dhiaidh sin go maith dhom ná dearnaidh sé siúd dearmhad ar an ngnó chómh luath agus mar dheineas-sa, agus dóbair do láindíoghaltas a bhaint díom féin fé mar inneosad.

Dubhart cheana tar éis na harstocrataigh d'á dtréigean gur theip ar fad ar na hiarrachtaí tosaigh a thug Coiste na gCatoiliceach. San mbliain 1790 ní fhéadfaidís fiú aoinne amháin san bPairliméid d'fhagháil a thíodhlaicfeadh a n-impidhe i láthair na Pairliméide. San mbliain 1791 nuair a bhí Risteárd de Búrc 'na thimthire aca, d'ullmhuigh sé rosc deighscríobhtha ar a son agus nár chosúil ar aon chor le himpidhe é. Tar éis gabháil tré n-a lán duaidh, do tarrain-gigheadh ortha de dheascaibh a theasaidheachta agus a dhíth deiscréide sin, agus tar éis é chur i láthair roinn de lucht na Pair-liméide agus iad sásta gabháil leis, tugadh diúltadh iomlán ar deireadh dho. Is dóigh liom gurbh é an déistin a tháinig aige do na dreama go léir de bharr an diúltaithe sin a thug air imeacht as Éirinn. Tar éis imeachta dho do hullmhuigheadh agus do tíodh-

lacadh impidhe eile do'n Pairliméid le——* ach ní tugadh a leithéid de dhroichíde ar aon pháipéar riamh. Tugadh masladh agus aithis go gránna do'n Choiste i gcoitchinne agus go mórmór do na daoine bhí dícheallach soifheicse ann. Tugadh gramaisc gan chlú de cheárdaithe meiscidh ortha, gan seilbh ní aca, gan tréithidheacht, gan chómhacht, ná buaileadh le chéile ach i bpuill is i bpóirsí agus go raibh d'éadan ortha a cheapadh gurbh iad féin treoraithe na gCatoiliceach, dream a shéan agus gur bheag aca iad. Do moladh thar cuimse an seasca a hocht de lucht cheiliúraithe a chuir a n-ainm go neamhnáireach leis an dtréigean a bhí déanta aca ; agus tugadh go pearsanta an maslú ba tháire agus ba thútaighe do threoraithe an Choiste agus, thar cách eile, d'Éamonn Ó Broin agus do Sheán Mac Eochaidh. Tugadh d'onóir dóibh sin i lár na coda eile go léir gur ceapadh mar chrann crústaigh iad do lucht stríopaigheachta an Rialtais chun bheith ag caitheamh breabhaideanna leo. Dob é deireadh an scéil é, tar éis an impidhe ar son trí milliún Catoiliceach bheith trí lá ar bhórd an Fheistighe, gur tógadh de'n bhórd é agus gur diúltuigheadh do ar thairgsint speisialta a dhein Dáibhidh Latouche. Ní tugadh a leithéid de mhíochórú neamhthrócaireach riamh cheana ar aon dileagra d'ár cuireadh i láthair aon chómhdháil reachtóirí. Le linn do mhuinntir Bhéal Feirste bheith ag gluaiseacht chun cinn i mbóthar an eolais agus na fairsinge meoin chuireadar isteach impidhe ar mhaithe le Catoilicigh ba ghéire go mór ná an ceann a chuireadar san isteach dóibh féin, óir bhí a n-impidhe sin an-cháiréiseach go léir : gan d'á iarraidh aca ach ceart chun guthaidheachta, agus cóimhcheart chun dul ar choistí dáréag ; ach d'iarr impidhe Bhéal Feirste dhóibh seilbh gach cirt ba dhual do chathardhach a bheith aca. Ar thairgsint an duine chéadna do tógadh an impidhe sin, leis, de'n bhórd agus do diúltuigheadh do agus do ruaigeadh amach an dá pháipéar i dteannta 'chéile chun a rogha bóthair a thabhairt ortha.

Ó'n uair sin i leith thaidhseochadh sé do dhuine go raibh cómhacht speisialta éigin ag faireadh ar son na hÉireann agus a bhain maitheas agus buntáiste ar a son as gach inneall agus lúbaireacht ceilge d'ár cheap a naimhde dhi. Gach iarracht a ceapadh, agus a ceapadh go cliste, chun dóchas na gCatoiliceach a chur ar neimhní, agus chun an muinnteardhas a bhí ag fás idir iad féin agus na Dí-aontaigh a bhriseadh, ní tháinig as aon uair ach an dá rud a threisiú agus a dhaingniú.

* Mr. Mac Aodhgáin do réir R. Barra ó Briain.

Is maith an deimhniú ar fhírinne an méid sin an scéal so atá agam le hinnsint. Dob é an prímhní a cuireadh i leith an Árdchoiste, le linn an pililiú mór a bhí ar siubhal i dTigh na Pairliméide, ná gur dream iad a dhein iad féin a cheapadh, nár cheap Catoilicigh na tíre chuige iad agus, d'á bhrí sin, ná raibh údarás ar bith aca labhairt ar a son. Do lean naimhde na gCatoiliceach go caithréimeach de'n argóint sin agus dob fhíor, leis, é ; ach measaim go mb'fhearrde a gcás féin ar deireadh é gan iad do luighe chómh mór ar an scéal san ná claidhe deighilte a dhéanamh chómh soiléir idir an Árdchoiste agus an dream i gcoitchinne. Do bhí na Catoilicigh ar fuaid na tíre go dtí sin agus ní raibh puinn suime d'á chur sa scéal aca ; ach nuair a chonnacadar a gcómhbhráithre i mBaile Átha Claith, agus go mór-mór an tÁrdchoiste, d'á maslú agus d'á dtarcaisniú i dtaobh na n-iarrachtaí a bhí tugtha aca ag soláthar na saoirse a chuirfeadh comaoin mhór ar chách d'á bhfaghthaí í, phreabadar d'aon bhuidhinn ó'n uile áird de'n tír agus, maille le dileagraí agus rúin ghabhadar leis na nithe a bheartuigh an tÁrdchoiste mar ghnó dhóibh féin, agus chuireadar i n-úil gurbh iad súd an t-aon dream a bhí i dtideal labhairt thar ceann Catoilicigh na hÉireann, agus cháineadar go díomholtach droichmheastúil an t-ocht nduine seascad de lucht ceiliúrtha a moladh chómh caithréimeach san ag cúilchearrbhaigh an Rialtais, adubhairt gurbh iad an chuid chreidiúnach iad de dhream na gCatoiliceach. Do bhí an cheist, de bhrí an scéil sin, i ndáil a réidhtithe. Do chúladar na harstocrataigh siar ó aithis agus ó aithne daoine, agus d'fhágadar an faithche fé na diomocrataigh, agus ní raibh uireasbhaidh tallann ná misnigh ar an dream san chun feidhm a bhaint as an mbuntáiste bhí aca ar an am san.

Dob ionann Catoilicigh Bhaile Átha Cliath, um an dtaca san, i leith Catoiliceach na hÉireann, nó Paris, le linn túis na Réabhlóide, i leith cúigí na Frainnce. Dob é a dtuairim siúd tuairim an náisiúin agus pé gníomh polaitidheachta d'órduighidís níor bhaoghal ná go cuirfaí a bhfeidhm é. Do bhí, ámh, easbaidh dlúithcheangail idir an Árdchoiste agus a lucht leanúna fé'n dtuaith agus, ó bhí ceist na gCatoiliceach tagaithe anois 'na rud chómh tábhachtach san gur mhúch sé gach cainnt eile i dtaobh polaitidheachta, b'é 'chéad ghnó a chuir lucht treoraithe an Árdchoiste rómpa ná gléas éigin cóirithe a cheapadh chun an dlúithcheangal san a dhéanamh. Is do Mhaol-mhuire Mac Eoin,* ó Keonbrook i gCo. Liathdroma, atá buidheachas

* .i. Miles Keon.

na tíre ag dul ar son an chórais a cheap sé chun an Árdchoiste a cheapadh as an nua ar shlí ná fágfadh baoghal amhrais ciaca arbh iad an tÁrdchoiste an gléas chun toil na gCatoiliceach a chur i bhfeidhm nó nárbh iad. Dob é an córas a cheap sé sin ná beirt de lucht cómhnaithe ionnta thar cionn gach conntae agus mórchathrach a bheith páirteach leis an Árdchoiste, ach ná glaodhfaí go Baile Átha Cliath ortha ach ar ócáidí tábhachtacha, agus go bhfágfaí freastal na gnáthoibre fé bhallaibh an tseanchoiste a bhí, fé mar adubhart cheana, 'na gcómhnaidhe i mBaile Átha Cliath. Do réir an chóirithe sin is leath ó'n gcathair agus leath ó'n dtuaith do bheadh ar an gcoiste. Do bheartuigh sé gurbh é slí a toghfaí an chuid deireannach san ná maille le cruinnithe tionnscnaimh agus cruinnithe toghacháin a chur ar siubhal an chéad uair ins na paróistí agus annsan i ngach conntae nó baile mór. Do bheartuigh sé 'na theannta san go gcaithfeadh baill na cathrach bheith i góimhfhreagairt go deaghthráthúil le baill na tuaithe, go ndéanfaidís sin mar an gcéadna le lucht a dtoghtha féin agus iad súd arís le lucht na gcruinnithe paróiste. Níorbh fhéidir a shárú de chóras a cheapadh ar shimplidheacht agus ar fhoirleithne. Ar an tslí sin bhí an tÁrdchoiste 'na bhall meáinchrioslaigh i gciorcal na tíre uile agus a ghéaga d'á shíneadh aige go dtí an t-imeall ba shia i gcéin uaidh d'á sliosimeall.

Do leag Maolmhuire Mac Eoin an córas san i bhfuirm scríbhinne i láthair an Árdchoiste agus, tar éis a bhreithnithe go cúramach, do glacadh, tar éis roinnt bheag deisiúcháin, leis an gcéad chuid de a bhain le cómhpháirt agus toghadh na mball ó'n dtuaith. Ba ródhian leo an dara cuid a bhain le dlúithcheangal ar ais le pobal na tíre, agus ar mheádh an scéil dóibh do leigeadh ar lár é, *sub silentio.*

Timcheall na haimsire sin iseadh d'fhéach an Coiste im threo-sa chun an áit a fágadh folamh i ndiaidh Risteáird de Búrc a líonadh. D'á réir sin mhol mo chara Seán Mac Eochaidh mise a cheapadh im thimthire, tideal leasrúnaidhe a thabhairt dom, agus tuarastal £200 airgid san mbliain an fhaid a fhanfainn i seirbhís an Choiste. Do glacadh leis an dtairgsint d'aon ghuth. Do hórduigheadh do Sheán Mac Eochaidh agus do Sheon Sweetman dul ag triall orm-sa leis an dtairgsint i bhfuirm scríbhinne. D'aontuigheas láithreach leis an scéal, go hómósach, agus an lá céadna san do cuireadh i n-aithne mé go fuirmiúil do'n Fhochoiste, agus thosnuigheas ar dhualgaisí na hoifige nua a bhí agam.

VI

TONE 'NA LEASRÚNAIDHE DO CHOISTE NA GCATOILICEACH

1792.

Cóimhfhreagairt le Risteárd de Búrc. Aithleasú d'á dhéanamh ar chórú dreama na gCatoiliceach. Turas go Béal Átha na Sluagh. Bithiúnaigh bóthair ag geata Pháirc an Fhionnuisce. "Cogadh na rún." Cur an "Northern Star" ar bun. Fás ar an muinnteardhas idir Di-aontaigh agus Catoilicigh. Cruinniú mór ag Halla an Lín i mBéal Feirste, Iúl 14, 1792.

Do bhíos annsan i n-ionad móronóra, ach dob ionad mórghnótha é chómh maith. Nuair a chuir an Coiste rómpa toghadh generálta a chur ar bun chun teachtaí a cheapadh ar son Catoilicigh uile na hÉireann, thuigeadar go maith go dtiubharthaí fútha ar an uile shórt slí, agus níor mealladh annsan iad. Do bhíodar ullamh chun cath a thabhairt dóibh, ámh, agus is orm-sa bhí an chuid liteardha de'n chath san a sheasamh. Nuair a dheineas staidéar ar ghníomhartha an té bhí rómham, Risteárd de Búrc, ba léir dom gurbh í carraig ba thrúig briste dho ná an tuairim ró mhór a bhí aige d'á thallainn agus d'á thuigsint féin, agus an mian a bhí ann, ná raibh de ghliocas ann a cheilt, chun gnó an choiste a stiúradh ar an gcuma ba thoil leis féin.

Do bheartuigheas d'á bhrí sin, bheith an-chúramach im ghníomhartha féin san gcás san. Is annamh riamh a chuirinn mo thuairim féin i n-úil muna n-iarrtaí orm é, i láthair an Fhochoiste. Ba leor liom fios m'aigne do nochtadh gan cheilt go príobháideach do'n bheirt fhear ba mhó agam féin, agus ba mhó cómhacht san gcoiste toisc a bhfóntacht féin. Seán Mac Eochaidh agus Risteárd Mac Cormaic, a bhí 'na rúnaidhe do'n Árdchoiste atá i gceist agam. Ní headh ná tugadh fé ndeara an discréid sin a bhí ionnam. Gan maoidheamh ar bith is féidir dom a rádh gur thuilleas agus go bhfuaireas iontaoibh iomlán na gCatoiliceach a bheith asam, agus deaghthuairim aca dom féin.

Do bhíos, go dearbh, dílis d'á gcúis agus ó bhíos annsan 'na seirbhís do chaillfinn a raibh agam d'fhonn go n-éirigheadh leo, agus bhí a fhios san aca. Measaim gur tuigeadh dóibh gurbh

adhbhacóideach dílis, dícheallach mé ná féadfaí a scannrú ná a bhréagadh, agus maidir leis sin de ní raibh aca ach an lomcheart. Le linn dóibh mé d'fhostadh do bhíos go mór fé mhíochomhthrom i gcúrsaí airgid agus ba mhór an ní liom, dar ndóigh, an tuarastal a bhí ag gabháil leis an oifig. Ach, bíodh go raibh mo líontighe ag fás agus gan aon tsoláthar déanta 'na gcómhair, ní thréigfinn mo dhualgas do na Catoilicigh ar son códhnachais uile an Rialtais d'á ndeintaí oifig amháin de agus é thairgsint dom mar dhuais. Do ghríosuigh agus do neartuigh misneach mo mhná mé ins na tuairimí sin. Níl ar mo chumas a innsint go ceart an anacair agus an cruadhtan d'fhulaing sise go foidhneach, mar ba mhinic an ganntar orainn agus sinn cleachtach ar an aindeise. Is truagh liom a rádh gur béas le mná bheith saoghalta, go mórmór má bhíonn leanbhaí aca, agus thréigfidís gach ní ar son cúram a líntighe féin. Ach bhí tuigsint níos déine, níos fírinnighe ná san, ag mo ghrádh bán-sa. Théighinn i gcómhairle léi ar gach ócáid ar feadh mo bheathadh ; ní raibh rún ar bith againn gan 'fhios d'á chéile agus gheibhinn i gcómhnaidhe í aniúil ar mhachtnamh agus gníomh a dhéanamh go fuinneamhach misniúil agus go críonna tuigseanach chómh maith céadna. Má éirigheann liom aon uair dem shaoghal, nó má shroichim aon chéim údaráis ná uaisleachta, beidh a bhuidheachas agam ar a cómhairle agus ar a deaghshompla san. Ach thar n-ais liom.

Riail eile a cheapas mar stiúir orm féin—gan a dhearmad i ngach ní a bhí orm a scríobhadh nach ar mo shon féin a bhíos ag cainnt ach ar son an dreama Chatoilicigh, agus d'á dheascaibh sin nár bheithte dhom seasamh go ceanntréan lem scríbhinn féin i n-aghaidh cáich, ach glacadh go deighmheastúil le malairt tuairimí ó dhaoine eile, agus athrú a dhéanamh go fonnmhar ar aon ní dar leis an gcoiste ba cheart a athrú, fiú i gcás nuair ná réidhtigheadh mo bhreithiúntas féin leo. Agus bíodh gur shuarach an rud an méid sin measaim gur mhóide meas an choiste orm, óir ar ócáidí roimhe sin do cuireadh i bponnc iad níos mó ná aon uair amháin tré shotal Risteáird de Búrc agus tré shotal cuid d'á muinntir féin ar an gcoiste, daoine le tallanna fónta, a scríobh roinnt de pháipéir sármhaithe dóibh, ach nár ghlac go cneasta le géirbhreithniú fé mar do dheineas-sa, gan gearán. Dob é bun agus barr an scéil ná táinig smaoineamh ar cháil liteardha, im leith féin, riamh im cheann. Ní headh ná braithim tábhacht an scéil sin ach is amhlaidh do múchadh an mian san fé nithe dob uaisle tábhacht. Agus measaim nach miste a fhágaint fé'n bhFochoiste a rádh an bhfuaireadar aon tráth

riamh mé d'iarraidh mo bhaothuaill ná mo shotal féin a chothú i n-aghaidh maitheasa an choiste, ná fiú a dtola. Is deimhin liom, de bhrí mo dhiscréide ins na nithe atá luaidhte agam, bíodh ná raibh ann, dar ndóigh, ach cóimhlíonadh mo dhualgais, gur ghnóthuigheas deighmheas an Choiste agus d'á dheascaibh sin cómhacht 'na gcómhairlí, rud ná ceadóchaí dhom, le ceart, dá mbraithtaí orm go rabhas ar sciobaidh d'iarraidh an buntáiste sin do bhreith ortha. Tá sé de chreidiúint ag dul do'n dá thaobh ná táinig sosadh aon uaire, ó'n gcéad tráth a cheangluigheamar páirt le 'chéile go dtí gur scaramar, ar mo dhúthracht-sa agus ar m'imnidhe ag fónamh dóibh, ná ar an gcineáltas agus an deighmhéin a bhí aca dhom.

Ní mór ná gurbh é 'chéad ghnó a bhí orm a ionnsuidhe ná cóimhfhreagairt a dhéanamh le Risteárd de Búrc, a bhí go dian d'iarraidh teacht ar ais go hÉirinn agus dul 'na sheanionad arís, rud a bheartuigh an coiste gan a cheadú dho a dhéanamh. Gnó ba dheacair a dhéanamh dob eadh é eiteachas a thabhairt do gan fearg a chur air, agus caithfead a rádh go raibh sé dian san tathant. Pé scéal é bhíomar 'ghá shárú chómh maith agus bhí 'nár gcumas agus tar éis dhá leitir nó trí de leitreacha fada a scríobhadh agus freagraí cómhgaracha síbhialta d'fhagháil uainn, thuig sé nárbh aon mhaith bheith ag ghabháil de'n scéal agus d'éirigh sé as.

Bliain iomráidhteach dob eadh an bhliain sin (1792) i nÉirinn. Nuair do foillsigheadh an gléas i gcómhair an chórais nua do'n Árd Choiste do baineadh geit as lucht leanúna Rialtais Shasana, agus do deineadh gach dícheall chun toghadh na dteachtaí ó'n dtuath do chosc. Do bhí sé léir go leor dá gceaduightaí do theachtaí teacht le 'chéile thar ceann trí milliún daoine a bhí fé dhiansmacht, nárbh fhearrde agus nárbh fhéidir 'na dhiaidh san eiteachas ar a gceart a thabhairt dóibh. D'á bhrí sin ag an Seisiún d'ár gcionn do ritheadh rúin go raibh fíochmhaire agus, ní miste a rádh, buile ionnta ag Grand Júraithe na hÉireann i n-aghaidh an chórais agus lucht a cheapaithe, agus is beag nár chuireadar áirdthréas 'na leith, D'éirigh leis an Rialtas go rómhaith, leis, an chléir a thabhairt ar a dtaobh, go mórmór na heaspoig, a chuir constaicí móra ar dtúis sa tslí ar an obair. Ní tháinig, ámh, aon droichmhisneach ar an gCoiste agus ó thuigeadar go raibh an ceart ar a dtaobh agus misneach aca, dheineadar a ndícheall agus d'éirigh leo an spioraid chéadna a mhúscailt i gcroidhthe a gcómhbhráithre ar fuaid na tíre. Chun teacht air sin cheapadar sáirsheift ar dtúis. Ar foráileamh an Choiste scríobhas ráidhteas i dtaobh an scéil agus gléas córais

do'n Árdchoiste 'na theannta. Do cuireadh é fé bhrághaid Shíomoin Buithléar agus Bheresford Burton, beirt de dhligheadóirí mórchlú agus, rud ba thábhachtach san ócáid sin, beirt chounsiléirí rí, d'fhéachaint an raibh aon tsárú ar an dlí déanta ag an gCoiste nó an mbeadh aoinne a bheadh páirteach san obair, ag cur na nithe bhí ann i bhfeidhm, ag dul i n-aon bhaoghal smachtaithe nó pionósa. Do bhí na freagraí thug an bheirt dligheadóirí fabhrach ar fad dúinn agus chuireamar ar foillsiú láithreach ins na páipéir iad, agus scaipeamar i bhfuirm láimhbhillí, is leitreacha, agus ar mhórán eile cumaí iad. Do shocruigh an buille sin ceist dlistineachta an ghnótha. Dála na n-easpog, ó bhfuaireamar a lán trioblóide ar tosach, do cuireadh a ceathair nó a cúig de dhreama ó'n bhFochoiste ar toscaireacht chuca, ar feadh na tíre ar a gcostas féin, chun cainnt a dhéanamh leo. D'éirigh leo tar éis a lán duaidh cuid aca a thabhairt ar a dtaobh agus fuaireadar ó'n gcuid eile de na hEaspoig go mbeidís neodrúil san scéal. Ar na toscairí sin b'iad Seán Mac Eochaidh agus Tomás Braghall an bheirt ba dhícheallaighe. Níor spáráil ceachtar aca a sparán ná é féin an tráth d'fhéadfaidís leas na gCatoiliceach a dhéanamh.

Do chuas féin i dteannta Mhr. Braghall nuair a thug sé cuaird ar Chonnacht mar a ndeaghaidh sé chun bualadh le huaisle na cúige sin ar aonach mhór Bhéal Átha na Sluagh. Ó bhí deireannaighe oidhche ann nuair ghluaisigheamar ó'n gcathair, agus an giolla tiomána bhí againn tar éis rabhadh a thabhairt, mar mheasaim, do roinnt bithiúnach bóthair, chuir ceathrar nó cúigear stad linn ag geata Pháirce an Fhionnuisce. Do bhí dhá chás piostal againn sa chóiste agus chinneamar ná déanfaí aon robáil orainn-ne. Do bhí Braghall an uair sin tuairim cúig bliana seascad d'aois agus bacaighe ann de dheascaibh tuitim d'á chapall roinnt bhlian roimhe sin. Do bhí sé chómh neimhimnidheach, neimheaglach agus dob fhéidir a bheith. Do ghaibh sé stiúrú an ghnótha air féin. Ar a órdú san leigeas anuas na fuinneoga gloine go léir agus chuireas dubhshlán fé na cneamhairí tabhairt fúinn má b'áil leo, mar go rabhamar-ne ullamh. Dubhairt Braghall liom an uair chéadna "*gan caitheamh leo nó go mbeadh na ropairí buailte liom.*" Do dhein san mearbhall dóibh agus ní leomhfaidís teacht i gcómhgar an chóiste ach chuadar i gcómhairle le 'chéile amuich ag cinn na gcapall. Le n-a linn sin do dhírigheas-sa ceann de na piostail ar an dtiománaidhe agus thugas móid uathbhásach go mbainfinn an t-anam as muna dtiomáineadh sé lasnáirde ortha, agus bhrúghas béal an phiostail

i gcoinnibh chúil a chinn. Leis sin as go bráth leo-san, agus ghluaisigheamar-ne linn an bóthar gan aon bhacadh eile a chur orainn. Nuair a shroicheamar an tigh ósta do thosnuigh Braghall ag imdheargadh an tiománaidhe i dtaobh a chuid fill; ach, ó nach lugha a fhéile chroidhe ná a mhisneach—agus ní cródha fear ar bith ná é, b'é críoch an scéil go dtug sé leathchoróinn do'n tiománaidhe. Ba mhaith liom féin cnámha an raispín a bhriseadh ach ní leigfeadh súd dom, agus b'in é deireadh an eachtra san.

Do bhí gach dream go gnóthach fé'n am san ag ullmhú i gcómhair an tseisiúin de'n Phairliméid a bhí ag teacht. Do bhain an Rialtas feidhm as na bhárdasaí agus na Grand Júraithe chun tabhairt fúinn-ne go láidir tré mheoin forógraí agus rún. Ar dtúis, d'imigheadh dála saighdiuiri óga orainn, thagadh mearbhall orainn ó'n ngleo; ach tar éis greas nó dhó d'fhéachaimís 'nár dtimcheall agus nuair ná feicimís aoinne tuitithe tar éis an torainn go léir, ghlacaimís misneach agus bheartuighimís scaoileadh ar ais fútha. D'á bhrí sin, pé áit 'na dtionóltaí cruinniú de lucht an chinnsil Phrotastúnaigh—b'é sin an tideal a ghairmeadar díobh féin agus ba dhrochmhúinte an tideal é—thugaimís togha aire go dtionólfaí cruinniú Catoiliceach a labhradh chómh hárd nó níos aoirde ná an dream eile, agus ó bhí an ceart go dearbhtha ar ár dtaobh-na níor dheacair dúinn an namhaid a chur 'na thost ar an slios cómhraic sin. Níor leig na Catoilicigh i bhfaillighe, leis, é le linn dóibh bheith ag imdheargadh a namhad, gan a mbuidheachas a chur i n-úil d'á gcáirde a bhí ag dul i líonmhaire i n-aghaidh an lae, agus go mórmór do mhuinntir Bhéal Feirste; óir do bhí ceangal cáirdeasa snaidhmithe go daingean idir iad san agus na Catoilicigh.

Ar na fobhtha a tugadh fúinn i rith an tsamhraidh sin, b'iad na cinn ba nimhnighe aca ná an iarracht a thug Grand Jury Chonntae Lughbhaidhe fúinn, go raibh Ceann Cómhairle na Pairliméide 'na cheann air; agus iarracht a thug Grand Jury Luimnighe fúinn mar a raibh an Tighearna Sainseiléir do láthair; agus an iarracht a thug Bhárdas Chathrach Bhaile Átha Cliath fúinn. Do chuir an dream deiridh sin amach forógradh fíochmhar 'nár gcoinnibh agus bhagruigheadar, gan fiacal a chur ann, cur 'nár gcoinnibh de neart chuirp. D'á dheascaibh sin, do tionóladh cruinniú de Chatoilicigh Bhaile Átha Cliath go coitchionn. Tháinig na mílte aca do láthair. Do léigheadh forógradh an Bhárdais agus do cáineadh go cumasach é le Seán Mac Eochaidh, an Dr. Ó Riain, agus an Dr. Mac Cnáimhín agus cuid mhaith eile. Do moladh forógradh a sháraithe a chur

amach do bhí scríobhtha ag mo charaid Emmet, agus é déanta ar fheabhas aige, agus do glacadh leis sin d'aon ghuth. Do foillsigheadh ins na páipéir go léir é i dteannta na n-óráidí atá luaidhte agam. Do bhí d'fheabhas chómh soiléir sin san bhforógradh agus ins na hóráidí seo againn-ne seachas cuid an Bhárdais, a foillsigheadh, leis, agus a bhí d'á scaipeadh go dícheallach ag an Rialtas, gur chuir sé deireadh ar fad le cogadh san na rún.

Ní raibh muinntir Bhéal Feirste díomhaoin ach an oiread. Do chuadar fé dhuadh is fé chostas chun an teagasc nua a chur chun cinn chun cómhaontú na nÉireannach uile ar feadh tuaiscirt na hÉireann go léir agus bhí de shásamh aca go bhfeacadar na creideamhaigh nua ag dul i líonmhaire i ngach áit. Chun foirleathadh níos éifeachtaighe a dhéanamh ar na prionsabail a bhí aca thug dáréag de'n chuid ba dhícheallaighe agus ba thuigseanaighe dhíobh £250 an duine uatha chun páipéar a chur ar bun go mbeadh sé mar chuspóir aige tuarasgabháil macánta a thabhairt ar na nithe bhí ag tuitim amach san bhFrainnc mar a raibh súile gach duine iompaithe an uair chéadna; chun a theasgasc an gábhadh a bhí le hÉireannaigh de gach creideamh d'aontú le chéile; chun cabhrú le saoirse na gCatoilíceach d'fhagháil agus, mar aon leo agus d'á dtoradh san uile, bíodh nár luadhadh ós árd é, pobalstát a dhéanamh d'Éirinn a bheadh neimhspleádhach do Shasana. Thugadar go hoiriúnach an *Northern Star* ar an bpáipéar san, agus bhí sé fé stiúradh mo charad Somhairle Mac Néighill. Do ceapadh d'aon ghuth 'na fhear eagair é agus ní fhéadfaidís é chur ar láimh ní b'fhearr. Páipéar iseadh é, go dearbh, nach féidir a shárú agus bhí ceannach mór láithreach air tar éis a thugtha amach. Do cheannuigheadh na Catoilicigh é, dar ndóigh, ar fuaid na hÉireann go léir (na Catoilicigh treoracha atáim a rádh); agus gléas thar barr dob eadh *Réalt an Tuaiscirt* chun lucht an dá chreideamh a tháthú le chéile. Níor ghábhadh chuige sin ach eolas níos fearr ar mheon a chéile a bheith aca.

Do cinneadh ag muinntir Bhéal Feirste go ndéanfaidís cuimhniú mórthaidhseach cinnbhliana ar ghabháil an Bhaistíl. Ar an intinn sin bheartuigheadar léirfhéachaint óglach an bhaile mhóir agus an cheanntair a chur ar siubhal, agus móirshiubhal 'na dhiaidh fé bhrataibh suaitheantais, 7rl. Do chinneadar 'na theannta san go mbainfidís feidhm as an ócáid chun ceist na gCatoilíceach a thabhairt chun tosaigh go feidhmláidir agus, d'á bhrí sin, bheartuigheadar ar dhá dhileagra d'fhoillsiú—ceann aca chun muinntir na Frainnce, agus

ceann eile chun muinntir na hÉireann. Dubhradar leis an Dr. Ó Draighneáin an chéad cheann aca a chur le chéile agus fágadh fúm-sa an dara ceann. Do dhein an Draighneánach a chuid oibre ar fheabhas agus scríobhas-sa mo dhileagra féin mar ab fhearr ab eol dom. Tugadh cuireadh dhúinn bheith láithreach ag an tabhairt-amach, agus chinn a lán de'n lucht treoraithe bhí ar choiste na gCatoiliceach feidhm a bhaint as an ócáid chun a ndúthracht do chúis na saoirse san bhFrainnc a chur i n-úil, mar aon leis an meas agus an buidheachas a bhí aca ar a gcáirde i mBéal Feirste.

Do comóradh, d'á bhrí sin, cóimhthionól mór ar an 14adh lá de'n Iúl. Tar éis an léirfhéachana chruinnigh sé mhíle d'óglaigh agus de mhuinntir an bhaile ag Halla an Línéadaigh, agus ghlacadar leis an dileagra chun muinntir na Frainnce d'aonghuth. 'Na dhiaidh sin tháinig an dileagra chun muinntir na hÉireann agus, ó bhí san go díreach agus go neimhsheachantach i bhfabhar na gCatoiliceach, bhí coinne againn le freasabhras. Ach níorbh fhada gur fuascladh ó'n imnidhe sin sinn mar do glacadh leis an dileagra, dob fhéidir a rádh, d'aon ghuth. Thug roinnt bheag fé dhul 'na choinnibh go haimhdhíreach, ach dhein lucht éilmhithe na saoirse do Chatoilicigh nochtadh agus sárú ar na hargóintí bhí aca. Do bhí sé de shásamh againn go bhfeacamar ar tosach sluaigh ortha san roinnt mhaith cléireach d'eaglais na nDí-aontach ba mhór gradam san dúthaigh sin, sin Sinclair Kilburne, Liam Díscín agus T. Birch. Dob é Liam Sinclair a chuir an dá dhileagra ar tairgsint. Is lughaide gábhadh atá ann mise do chur síos go mion annso ar gach ní d'á dtárlaidh um an dtaca san go bhfuil gach ní tábhachtach a bhain leis an scéal le fagháil im dhialainn. Is leor a rádh, de bhíthin na féile thug muinntir Bhéal Feirste do na Catoilicigh ar an ócáid sin, agus an mhuinnteardhais phearsanta a thárlaidh idir na dreamanna éagsúla, gur snaidhmeadh go daingean an cómhaontú nua; agus tháinig fé dheireadh toradh tairbheach, mórchumais as.

VII

TUAIRISC UILIAM T. WOLFE TONE AR SCRÍBHINNÍ A ATHAR

[*Is é an mac, Uiliam T. Wolfe Tone, a chuir eagar ar scríbhinní a athar i gcómhar a bhfoillsithe i Washington san mbliain* 1826. *Ag tagairt do na dialanna, 7rl. a scríobh a athair sular fhág sé Eire, thug an mac an tuairisc seo leanas.*—P.ÓS.]

Ionnmhas an líntighe d'á chur ar láimh an Dr. Mac Rághnaill, maraon le scríbhinní Tone. Gach ní beagnach do chailliúint tré fhailligh agus neamhchúram Mhic Rághnaill. Bás Mhic Rághnaill.

San tsliocht san rómham do scríobhadh ó chuimhne i bParis, le linn imnidhe agus broide, tá scéal a bheathadh scríobhtha ag m'athair anuas go dtí meán míosa Iúil, 1792. Ó'n uair sin go dtí an uair tháinig sé do'n Fhrainnc tá breis agus trí bliana d'eidirthréimhse Measaim nach mór dom míniú a thabhairt agus leithscéal a ghabháil i dtaobh luighead an adhbhair eolais atá agam fá'n tréimhse sin, an chuid dob inspéisighe d'á shaoghal, b'fhéidir. Le linn na haimsire sin, bíodh gurbh óg neamhiomráidhteach é ag obair i n-aghaidh cómhachta agus nirt uile an aicme a bhí i bhfad i seilbh fhorlámhais gan freasabhra, agus i seilbh údaráis mímhéine, le n-a linn sin iseadh mhúscail sé brí mhuinntir a thíre a bhí fé smacht, agus iseadh ghríosuigh sé urmhór na ndaoine a bhí le fada i n-earraid le chéile toisc nárbh ionann maitheas dóibh agus tré eascáirdeas crábhaidh, chun a neimh-spleádhchas náisiúnta d'fhógairt.

Ó'n tráth thosnuigh sé ar an obair sin do chleacht sé mar nós cúrsaí an tsaoghail, agus a thuigsint 'na dtaobh, maraon le n-a smaointe agus a ghníomhartha féin, a chur síos i bhfuirm dialainne i gcómhair a cháirde cléibh, agus muinntir a líntighe féin, amháin le léigheadh. Tá againn de'n iris bhríomhar mheanmnach san, agus táimíd 'ghá fhoillsiú san leabhar so, an chuid a thosnuigheann le linn a theacht san bhFrainnc agus ó shin i leith go dtí dáta an fheachtais deiridh 'nar cailleadh é. Le linn do gluaiseacht ó America d'fhág sé ag mo mháthair na dialanna a scríobh sé ar a

shaothar i nÉirinn le linn do bheith 'na Fheadhmannach agus 'na Rúnaidhe d'Fhochoiste na gCatoiliceach. Ó'n rud a thárlaidh dhúinn le linn an turasa roimhe sin ba léir a luighead ómósa thugadh luingeas chogaidh Shasana do bhrat neodrúil America, agus an baoghal a bheadh ann aon pháipéar mar sin a bhreith leis.

Do bhí na fátha céadna fós ann san mbliain 1796 nuair a ghluais mo mháthair ó America chun dul chuige. Ó thárlaidh gur fhág sé ag seancharaid agus fear cuibhrinn do i gcúrsaí polaitidheachta, an Dr. Mac Rághnaill i bhPhiladelphia, cómhacht atúrnae gan teorainn chun a líontighe a chosaint agus a ngnóthaí a riar 'na éaghmais féin, d'fhág sí fé n-a chúram gach ionnmhas a bhí nár seilbh i nAmerica—roinn de chéadta púnt airgid, sé chéad de leabhra toghtha; agus thar gach ní eile, páipéir, aistí agus scríbhinní m'athar, agus na dialanna san 'na measc, agus iad uile i dtrúnc fé théid agus séala. Do chongaibh sí an eochair aici féin. Is truagh liom é bheith le rádh agam go ndearnaidh sé feall ar an muinghin naomhtha san, ar an ngeall muinghine agus cáirdeasa san, tré fhaillighe ná féadfaí a mhaitheamh do. Le linn m'athair a bheith 'na bheathaidh agus tar éis a bháis theip orainn oiread agus freagradh d'fhagháil ar na hiarrataisí iomdha ná ar na leitreacha agus na teachtaireachtaí a chuireamar chuige leis na cáirde ba chreid-iúnaighe agus ba dhiscréidighe bhí againn i nAmerica. Fé dheireadh, san mbliain 1807, nuair ab éigean dúinn, toisc mo dhroch-shláinte-se, dul ar thuras fairrge, agus thánamar go dtí Philadelphia, thugamar an duine mí-ádhmharach chun cúntais; ach ní raibh cúntas aige le tabhairt uaidh agus bhí sé an uair chéadna, ó bhreoiteacht agus aithbhreoiteacht dian, ar bhruach na huaighe é féin. Cad d'fhéad-faimís a dhéanamh? D'á dhéine bhí an scéal againn i gcúrsaí airgid do thairgigheamar go maithfidís do aiseag na coda eile ach sinn a chur i dtreo na bpáipéar d'fhagháil ar ais. Ach níorbh aon mhaith é, mar ná rabhadar aige. D'iarr sé orm a thigh a chuardach agus fuaireas an trúnc briste oscailte folamh. Le duadh mór d'aim-sigheas blodha a bhí scaipithe ar seilbh ag iomad daoine agus atá i gcló annso. Ní raibh aon fhagháil, ámh, ar dhialanna na mblian ba thábhachtaighe agus b'inspéisighe .i. 1793, 1794, agus 1795. Do bhí caillte, leis, scríbhinní na bpaimpléidí agus na n-aistí iomdha a scríobh m'athair an uair sin agus cuid mhór aca gan aon ainm leo agus go gcuirtaí go minic i leith daoine eile iad—agus 'na theannta san, ní raibh fagháil ar na hadhbhair i gcómhair leabhair ar stair feallsúnach agus polaitidheachta na hÉireann a bhí d'á chur le

chéile aige agus go raibh sé tosnaithe cheana ar a scríobhadh. Fuair an Dr. Mac Rághnaill bás i gcionn roinn seachtainí, agus b'éigean dúinn aon tsúil a chur díobh go bhfaghthaí go bráth iad.

De bhíthin na cailliúna san, nach féidir d'ár n-aigne a olcas a thómhas, táimíd gan na meoin a chuirfeadh ar ár gcumas saoghal m'athar a léiriú go cruinn ar feadh na dtrí mblian iléachtacha úd, le linn do bheith ag síorobair ag buanú spioraid an aontaithe agus na saoirse 'na dhúthaigh, agus ag freastal ar na dualgaisí úd a bhí air, mar thimthire do dhream na gCatoiliceach, go ndubhradar i bhfuirm rún buidheachais leis le linn do scaradh leo " ná féadfaí a mholadh ró árd ná íoc ró mhór a thabhairt ortha. " Ó ná fuilim ar intinn stair ar Éirinn a scríobhadh, ná tráchtas polaitidheachta ar aiste na tíre sin fé'n rialtas úd ná dearmhadfar agus ná maithfar do choidhche, ní dhéanfad ach a chur síos, ó chuimhne mo mháthar agus ó'n ngannadhbhar atá fachta againn, beagán i dtaobh na nithe iomráidhteacha 'na raibh sé an uair sin páirteach, agus a léireochaidh, b'fhéidir, roinnt tagarthaí atá 'na dhiaidh sin 'na chuid meamram.

Dob iad na dialanna an chuid ab inspéisighe de'n bhailiúchán. D'aimsigheamar na coda i gcómhair mí Deireadh Fóghmhair, 1791, maraon le blodha neamhthábhachtacha a bhain le haimsir níos sia siar ; agus 'na theannta san dialann i gcómhair mí Iúil, Lughnasa, Meán Fóghmhair, Deireadh Fóghmhair, agus Samhain 1792, agus cuid de dhialainn mí Eanáir agus Feabhra 1793. Adeir m'athair 'na mheamram gur thosnuigh sé mar shíorghnás ar dhialann a scríobhadh san mbliain 1791, nuair a ghaibh sé páirt dáiríribh i bpolaitidheacht na haimsire sin. Ó shin amach do leanadh díobh 'na sreath gan bearnadh go dtí lár na bliana 1795 nuair sheol sé fé dhéin America ; ach tá an chuid eile go léir, bíodh go bhfuil tagairt go minic aige dhóibh 'na chuid scríbhinní eile, caillte thar fóir. Is féidir cuid de'n easnamh a leigheas maille le tuairisc ciorrbhaithe atá ar fagháil ar imeachta an Árdchoiste agus na toscaireachta a thug impidhe na gCatoilíceach go Sasana, a chur 'na ionad, maraon le tuairiscí ar na headarghnótha a thárlaidh 'na dhiaidh sin aca féin agus ag an Rialtas Éireannach ó thosach mí Nodlag, 1792, go deireadh mí Aibreáin, 1793. Taispeánfaidh an tuarasgabháil shnasta, sholusta so, atáthar a chur isteach san gcuid seo de scéal a bheathadh, mar go mbaineann sí go dlisteanach léi, feabhas na cáilidheachta bhí aige chun an stair sin ar Éirinn a bhí tosnaithe aige a scríobhadh agus go raibh sé i ndán, b'fhéidir, a bheith féin 'na chuid di.

Ameasc na bpáipéar san fuaireamar na nótaí a dhein sé ar chruinnithe Árdchoiste na gCatoiliceach ach gan mórshlacht ortha de bhrí iad a scríobhadh ar smuta fánacha páipéar le linn dioospóireachtaí, agus roinn bheag i dtaobh tráthanna eile d'á shaoghal féin. Dob iad súd na hadhbhair a bhíodh aige ag scríobhadh a dhialanna 'na dhiaidh sin 'na shuidhe le linn tráthnóna fé shuaimhneas san mbaile, fé mar is cuimhin liom fós é, agus a bhean agus a chlann 'na thimcheall. Fiú mar táid siad is áirdinspéiseach iad. Fuaireamar mar an gcéadna na céadta leitir ó n-a cháirde pearsanta féin agus ó Éireannaigh Aontaithe i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath, agus iad lomalán de mhineolas laethiúil ar a ndóchas, nó ar a n-éadóchas, nó ar a n-imeachta. Do phiocamar roinn aca san mar léiriú ar chuid d'á bheathadh ; ach, maidir leis an gcuid is mó aca ní féidir a rádh go bhfuil puinn ionnta go gcuirfeadh an pobal anois suim ann bíodh go bhfuil díoghrais agus spioraid na haimsire úd ionnta go láinbheo. Ar an gcuid eile de'n bhailiúchán tá cuid d'á scríbhinní tosaigh agus roinn d'á aistí, d'á phaimpléidí agus d'á mhinphíosaí clóbhuailte, ach tá an chuid mhór de na nithe deiridh sin caillte. Sin iad na hadhbhair go bhfuil orainn eolas i dtaobh na coda so de bheathaidh m'athar do bhaint asta.

Is léir dúinn cheana ó'n scéal so rómhainn gur scríobh sé, san mbliain 1791, an phaimpléid úd ar mhaithe le cúis na gCatoiliceach fé'n ainm "Whig ó'n Tuaisceart" gur éirigh chómh héachtach san leis agus gur toghadh d'á thoisc é i ndiaidh Risteáird de Búrc 'na rúnaidhe agus 'na thimthire do'n Fhochoiste. Dob í an bhliain 'na dhiaidh sin, 1792, an bhliain ba mhó dícheall d'á réim pholaitidheachta. I gcaitheamh beagán míos ag síorobair do do'n chuspóir mhóir chéadna, thug sé trí thuras ar Bhéal Feirste chun cóimhcheangal a chur ar bun idir Chatoilicigh agus Dí-aontaigh, ní d'éirigh fé dheoidh leis a dhéanamh go hiomlán. Thug sé, farais sin, a lán turasanna ar Chonnacht agus ar áiteanua eile chun na Catoilicigh féin a ghríosú chun díchill san gcúis choitchinn, agus chun antoil bhuartha na nDi-aontach a mhaolú. Tá mineachtraidhe na dturas san go meanmnach beodha le fagháil ins na dialanna d'éirigh linn a aimsiú ; agus 'na theannta san tá na headarghnóthaí, thar ceann na gCatoiliceach, a thárlaidh idir é féin agus lucht treoraithe na Whigeanna : Grattan, Tighearna Muighe Rátha, agus Marcus Abercorn. Le linn na tréimhse céadna iseadh chuir sé céad chumainn na nÉireannach nAontaithe ar bun. Ba mhór an difridheacht a bhí i gcórú agus i gcuspóir an dreama san an uair úd

seachas mar bhí aca nuair a thiomáin tíorántacht an Rialtais chuige 'na dhiaidh sin iad, agus gur leathadar ar fuaid na tíre. Dob é cuspóir tosaigh a bhí ag an gcumann san ná cóimhcheangal a dhéanamh idir gach dream crábhaidh i nÉirinn go mbeadh a lucht leanúna sásta, le cur gach seanfhala uatha, cómhaontú le 'chéile d'iarraidh athrú a dhéanamh ar mhíonós an rialtais, agus ar bhunreacht na tíre, agus chun comhthrom saoirse agus cathardhais d'athsholáthar d'Éireannaigh gacha feadhna agus dreama crábhaidh. Tar 'éis sin iseadh ceapadh an mhóid rúndachta agus an córú rialta a bhí aca. Treoraithe eile a dhein é sin tar éis m'athair bheith gan forlámhas a thuille ortha, agus gan é i gcoidreamh feasta leo 'na gcómhairlí. . .

VIII

COIDREAMH AR DHREAM BHÉAL FEIRSTE

1791—IÚL 14 GO SAMHAIN 7.

Cuaird ar Bhéal Feirste um Dheireadh Fóghmhair, 1791. *An Coiste Rúnda. Na hÉireannaigh Aontaithe. Cruinnithe. Diospóireachtaí ar Cheist na gCatoiliceach. Cúrsaí Línéadaigh. Féile búird agus ól dighe. Dhá leitir do scríobh Wolfe Tone chun a mhná.*

Iúl 14.—Do chuireas síos go Béal Feirste rúin d'oirfeadh do'n lá so agus baint aca le trí nithe. An chéad ní, gurbh é cómhacht Shasana i nÉirinn is thrúig mhór uilc do'n tír. An dara ní, ná raibh gléas éifeachtach chun a sháraithe ach aithleasú Pairliméide. An treas ní, nárbh aithleasú le ceart ná le héifeacht aon ní ná bainfeadh le Catoilicigh. Le géilleadh do chlaonaigeantacht, ámh, is mó a tugadh an ní deiridh sin le tuigsint ná mar fógruigheadh ós árd é.

Do hinnseadh dom indiu, Iúl 17, 1791, gur cailleadh ar an gceist deiridh. Má's fíor is é m'intinn diongbhálta bheith le binib im Chatoiliceach ; óir is seilbh uathaidh ar shaoirse agus ní saoirse do chách atá mar chuspa ag an dream is mó atá, de dheallramh agus, b'fhéidir, d'áirithe, fé phráinn d'iarraidh aithleasaithe. Rud gan cóir gan éifeacht ann é sin.

Deireadh Fóghmhair 11.—Go deireannach ag sroichsint Bhéal Feirste dhom, cuireadh i n-aithne do Dhiggis mé, ach ní dearnadh aon chómhrádh tábhachtach. Teinte cnámh, soillse, lámhach gunna is fiche. Óglaigh, 7rl.

Ins na dialanna a scríobh Wolfe Tone thugadh sé go minic leasainmneacha nó ainmneacha bréige ar chuid dá cháirde. D'fhonn aithne iomrallach a sheachaint níor mhiste an léiriú so síos a thabhairt ar na hainmneacha (aistrithe) atá i gceist :—

Mr. Hutton nó Seon Hutton—Wolfe Tone féin.
P. P. Cléireach an Pharóiste—An Ruiséallach.
Blefescú—Béal Feirste.
An tÉadathóir—Uiliam Sinclair.
An Iacoibíneach—Somhairle Mac Néighill.
An Súdaire—Roibeárd Simms.
An Fimineach—An Dr. Mac Dómhnaill.
An Sclábhaidhe Éireannach–Mac Cába.
An Coimeddaidhe—Whitley Stokes.
An Triobún—Napper Tandy.
An Fíonadóir—Éamonn Ó Broin.
Gog—Seán Mac Eochaidh.
Magog—Risteárd Mac Cormaic.

Deireadh F. 12.—Cuireadh mé i n-aithne do Mhac a' tSaoir is do Shinclair. Mé féin, an Ruiséallach, Mac a' tSaoir, agus Mac Cába i ndáil chruinnithe. Coiste rúnda aca chun oibre gan eolas ná amhras ar iad a bheith ag obair as láimh a chéile, ach máiseadh is iad a stiúruigheann gnóthaí i mBéal Féirste. Mórán cainnte againn fá Chatoilicigh agus a gcoiste, agus gur iongnadh é aineolas *Bhlefescú* 'na dtaobh. Do shocruigheas dul chun proinne leis an gCoiste Rúnda ag tigh Drew, Dia Sathairn, nuair a cuirfar im chómhair rúin na nÉireannach nAontaithe. Do leigeas 'uaim iad agus shuidheas chun aithdéanamh a thabhairt ar an tseanchóib. Is greannmhar mar atá borrfadh éirithe do *Bhlefescú* maidir le polaitidheacht. Cainnteanna a ceapadh bheith ró bhaoghlach a luadh ráithe ó shin is ró thláth anois iad. Do baineadh as iad agus cuireadh a malairt ab fhearr 'na n-ionad. Tháinig Sinclair isteach; agus do léig agus do mhol na rúin aithdéanta. D'innis an Ruiséallach scéala Choiste na gCatoiliceach Rómhánach dho agus a chuid eadarghnóthaí féin. Do bhaisteas P.P., *Cléireach an Pharóiste seo*, ar an Ruiséallach. Thug Sinclair cuireadh dinnéir dúinn chun go mbuaileadh Digges linn agus ghlacamar go fáilteach leis. Do chuamar chuige ar dinnéar. Mórchuid de pholaitidheacht choitchinn agus d'fhíon. Tá leabhar Phaine 'na Chórán i mBlefescú. Stair toghacháin an Dúna agus Aondroma againn. Leath Whig iseadh Sirriam an limistéara. P.P. go mór ar meisce. Abhaile; chun leabthan.

Deireadh F. 13.—Mórchuid fonómhaide san leabaidh fé Ph. P. Mé soimheanmnach ó'n ngáiridhe. D'éirigheas. Bricfeast. An Dr. MacDómhnaill. Cómhrádh fada i dtaobh Digges. Do chuas ag triall ar Mhac Néighill, léigheas na rúin 'na theannta; mhol sé iad. Go tigh H. Seoighigh liom chun mo bhuidheachas a ghabháil leis i dtaobh mé mholadh do Chlub Whigeanna an Tuaiscirt. Thug cuireadh dhom féin, Digges agus P.P. i gcómhair na hAoine seo chugainn agus ghabhamar leis. Do dheineamar athraithe eile fós ins na rúin, ar chómhairle Dhigges. Go tigh an Ghordúnaigh. Dream ríchreidiúnach ann—gasra mór. Níor ólas dada. Dul ar a naoi go club na gcártaí, leis an nGordúnach agus P.P. Abhaile go luath, fé mhórthuirse agus chun leabthan.

Deireadh F. 14.—Bricfeast fara Digges 'na lóistín. Do bhí ann an Captaen Seward a bheir leis Mr. Pearse go hAmerica. An Péarsach anois 'na chómhnaidhe i dtigh Washington, an tUachtarán. Do casadh Mac Cába orm atá ag dul go Sasana. Do thaispeáin sé

dom féin agus do Ph. P. roinnt de dheartheoireachtaí aisteacha. Do bhuail Mac a' tSaoir liom agus thaispeánas na rúin do a leasughеadh. Thárlaidh cómhrádh aisteach agam le bearrabóir dárbh ainm Taylor, gur bhaist an sagart beirt leanbh leis, bíodh gur Dí-aontach é féin, d'aon ghnó chun na gcreideamh a mheascadh. Thugas cuaird ar Jordan, óigfhear éachtach, a chómhnuigheann i dtigh i gcómhair naoidhneán. Do shiubhluigheas an baile go léir d'fhéachaint gach ní.

A ceathair a chlog ; chun dinnéir d'fhonn bualadh leis an gCoiste Rúnda. Is iad iad Liam Sinclair, Mac a 'tSaoir, Mac Néighill, Mac Leavy, Mac Cába, Simms a haon, Simms a dó, Haslitt, Tennant, an Caimbéalach, Mac Giolla Bháin, P.P. agus mé féin. Thugas féin agus P.P. óráid fhada ag léiriú aiste láithreach agus polaitidheacht Choiste na gCatoiliceach, ní nárbh eol do mhuinntir Bhlefescú dada ar éigean 'na thaobh. Do thaidhsigh gurbh iongnadh agus gurbh áthas leo an scéala. Do léigheas cairt na gCatoiliceach agus leitir Stokes. D'aontuigh an Coiste ná fuil an Tuaisceart ullamh fós chun gluaiseacht leo ach ná faghthaí aon dream chun dul 'na gcoinne. Níor ghábhadh ach aimsir agus iomrádh chun an rud a bhí ag teacht go luath a bhrostú. Do glacadh d'aon ghuth leis na rúin. Do socruigheadh cóib a chur ag triall ar Thandy d'iarraidh conganta air féin agus ar a chómhchathardhaigh, agus tá súil le mórmhaitheas a theacht de sin do'n chúis de bhrí chreidiúint d'á dheascaibh a gheobhadh Éireannaigh Aontaithe Bhlefescu. Do cinneadh ar shlí chun an gnó go léir do chur chun cinn i láthair an chumainn uile Dia Máirt seo chugainn. Beidh Mac a' tSaoir san gcathaoir ; tairgeochaidh Sinclair na rúin ; cuirfidh Simms leis ; molfaidh Mac Néighill iad a chlóbhualadh ; agus tabharfad-sa agus P.P. innsint scéil dóibh ar thuairimí mhuinntir Bhaile Átha Cliath. Seolfar cóibeanna agus an gnáthrabhadh i n-aghaidh iad a chur ins na páipéir nuachta, go Portláirge, Liathdruim, Roscomáin agus go Mac Cormaic i mBaile Átha Cliath. Mé féin nó P.P. do scríobhadh go muinnteardha chun Tandy i dteannta na rún a chur chuige. Daoine stuamdha, céillidhe, léire iseadh lucht an Choiste uile agus mar mheasaim is maith an sás gnó tábhachtach a dhéanamh iad. Cuireadh ó Mhac Cába againn i gcómhair an Luain, ó Mhac Néighill i gcómhair na Máirte, agus ghlacamar go fáilteach leo araon. Abhaile ar a deich. Diabhail ghorma d'á thaidhseamh do Ph. P.— dar leis go bhfuil ag cailliúint a mheabhrach. Is maith go raibh aon ruaine le cailliúint aige.

Deireadh F. 15.—Tháinig Digges isteach chun suipéir. Do bhíos tar éis imdheargadh a thabhairt ar Ph. P. i dtaobh droichdheasca na dighe agus an áirneáin go búndún, agus do ghéill dom, agus dob é 'chéad thoradh mo chómhairle agus a iompaithe sin chun a leasa ná é d'fhanúint 'na shuidhe i dteannta Dhigges go huair a trí ar maidin, cheithre huaire a chluig tar éis mise a dhul a chodladh.

Deireadh F. 16, Dia Domhnaigh. Bricfeast, Digges, Jordan agus Mac Cába. Chun Teampaill—seanmóir dona ó Bhristowe (dá ngairmthar Caiaphas) i n-aghaidh smugailéireachta, agus i dtaobh dílse, agus mar sin. P.P. fé bhrón mhór agus fé bhuairt aigne ; do bheartuigh éirghe as smugailéireacht a ghní díobháil do'n cheannaidhe macánta. Do shiubhluigheas go dtí an Mall fara Digges agus P.P. Rinn a rosc ag na mnáibh go léir ar Ph. P. Ní nach iongnadh san, dar leis siúd féin.

Do chuireas an cheist go cruinn ar Dhigges an mbeadh ar chumas d'Éirinn maireachtaint d'éaghmais Shasana. Tá a thuairim sin go cinnte ar thaobh neimhspleádhchais. Ní fhéadfadh Sasana dul i bhfiúntar spairne gurab é milleadh a cuid lóin an toradh ba thúisce thiocfadh de. Le linn cogaidh is í Éire thugann di na nithe ná féadfadh sí déanamh 'na n-éaghmais, mar atá, mairnéalaigh agus lón bidh. Do bheadh cabhair le fagháil ó'n bhFrainnc, b'fhéidir, le fonn mórtais tré shaoirse thabhairt do ríocht eile fós. An dála céadna ag naimhde uile Shasana. Níl pioc le déanamh nó go mbí lucht na gcreideamh annso ar aon aontadh agus Sasana sáithte i gcogadh coigcríochach. Dá mbeadh a saoirse ag Éirinn agus rialú fónta uirthi, agus ó tá sí gan tranglam fiach uirthi, d'éireochadh sí ar nós an luamhnáin aeir i gcúrsaí saoircheárd, tráchtála agus déantús, agus is fada siar uaithi d'fhágfadh sí Sasana. Ní bheadh aon chuimse leis an tslí d'éireochadh sí. Do gheall Digges cruinn-eolas air sin agus ar a lán nach é a chur ar pháipéar . Abhaile.

Dinnéar i dtigh Liam Sinclair chun bualadh leis an Dr. Haliday, ach níor fhéad súd teacht toisc glaodh obann a tháinig air chun freastal ar easpog bhreoite. Mórchuid cómhrádha ar an gcóiriú thug Foster ar Mhac Cába is an Péarsach. Fraoch feirge ar Shin-clair le Foster, agus d'innis scéilíní garsúla 'na thaobh. An seol figheadóireachta anois i nAmerica agus leithmhilliún dolar fachta chun déantús línéadaigh a chur chun cinn ; oibritheoirí an t-easnamh mór i nAmerica agus gur leigheas air sin go díreach an seol so. America ag dul chun cinn go ciúin ós íseal i gcúrsaí déantúsa ; mar shompla, i n-anairt gharbh, ó 14d go 8d, go gcuirtaí, seacht mbliana

ó shin, a lán de amach ó Éirinn ach atá d'á dhéanamh aca féin anois. Is baoghal mar sin, le cabhair ghléas éagsúil éadtuirsithe an Phéarsaigh go ndéanfaid mar an gcéadna le habhraistí eile. Tá gabhtha ag Washington leis an bPéarsach mar *phrotégé* aige agus adeir gurab é rogha na bhfear Americánach é. Nach buadhach í Éire, agus Seon Foster, nach cás dóibh a chaitheamh uatha an rud is áil le hAmerica agus le Seoirse Washington a sciobadh leo. Sinn d'uathaidh agus d'uile ag mallú an Rialtais. Abhaile. P.P. ar a chéill.

Tháinig beart mhór leis an bpost agus scaoileamar fé dheithneas é agus fuaireamar ann 2,000 prospectus leis na hÉireannaigh Aontaithe i n-ionad na paimpléide. Do shuidheas fé míchéadfadh agus scríobhas leitir le searbhas chun Chambers; d'éirigheas fé fheirg ag mallachtú go taodach. P.P. go céillidhe, ghaibh sé dhom aithfhriotail as *Seneca, Boethius de Consolatione,* agus iomad deighleabhar eile; d'áitimh ar iomad slite baois na feirge, ní a mhéaduigh m' fhearg thar fóir. D'fhágas an t-ósta agus chuas chun codlata i dtigh an Dr. Mac Dómhnaill. Níl P.P. rómhacánta; tá roinnt mhaith scillingí anois agam air agus ní fheicim aon bhogadh ann chun íoctha; thugas leid do, tráth thagair sé d'á shaoire bhí Béal Feirste agus nár bhris sé giní le roinnt laethe, nuair dubhart leis gur bhriseas-sa agus go bhfuaireas an-chostasach é; súil agam go ndéanfaidh san an bheart; chun leabthan.

Deireadh F. 17.—Bricfeast, Mac Dómhnaill, Mac Aughtrey, Ó Bríosáin, Digges, P.P. agus mé féin. Do chuamar do'n ósta; d'íoc P.P. an bille agus thug san scaipeadh ar mo bhuaireamh i dtaobh mo chuid scillingí féin; tá, measaim, a dó nó a trí aige sin anois orm-sa, ach ní fhiosróchad san. Tháinig leitir go P.P. ó Ch. Ó Conchubhair, *Pápaire* Éireannach; deighchiall ann d'á aindeoin sin; léigh sé do chách é gach caoi d'á bhfuair. Do bhuaileas amach fara Digges agus P.P. go tigh Mhic Chába, chun dinnéir; an seandream céadna; níl a bheag fé'n ngréin nach fios cheana é.

Thána do'n tsráid go luath; chuas do'n amharclainn; chonnac fear fé bhraitlín bhán ar an stáitse a thug Carmeilíteacht air féin. Thug P.P. cogar dom, agus féachaint rúinbhrí 'na aghaidh, gan deimhin a dhéanamh de gurbh aon Charmeilíteach é siúd. Mearbhall leis sin orm; d'iompuigheas d'iarraidh eolais chun P.P. P.P. 'na chodladh. N.B.—An duine uasal, tighearna uasal féin, ar an stáitse fé pheribhig bhán, ba mhór é a dheallramh le duine chonnac ar maidin fé pheribhig ruadh ag gabháil na sráide. De

mhuinntir Atkins é, aisteoir. Ceist, ar thighearna é nó a mhalairt. Do chuaidh de Ph.P. m'aineolas a scaipeadh. Thána abhaile is gan ach leath an chluiche léirithe ; iad uile chómh dubhach fé mhéala nár léir dom ach donas a bheith i ndán dóibh. Do chonnac bhest shuaithinseach ar an té úd ba Charmeilíteach tré scoilt san mbraitlín a bhí casta aige 'na thimcheall. Eagla orm tar éis na mbeart nárbh aon Charmeilíteach é, is gur ag P.P. an aireachais a bhí an ceart. San mbaile. Puins fara P.P. Go luath chun leabthan.

Deireadh F. 18.—Bricfeast ; siúd chugainn Mac Dómhnaill, Mac Aughtrey, agus Digges. De chuamar d'fhéachaint monarchan na seolanairte. Leasaithe le feabhas ar an inneall dlútha. Dinnéar fara Mac Néighill. Do chuas istoidhche chun na nÉireannach nAontaithe, Mac a' tSaoir san gcathaoir ; ochtar is fiche dhíobh ann ; tá san gclub seisear is triocha de bhallaibh bunúsacha ; seisear nua d'á dtairgsint. Liam Sinclair do thairg na rúin agus gabhadh d'aonghuth leo. Ó Bríosáin an-lághach, cinneadh go gclóbhuailfaí agus go scaipfaí uimhir oiriúnach díobh ach gan iad d'fhoillsiú ins na páipéir nuachta. Cóib le cur agus leitir leis go J. N. Tandy, Risteárd Mac Cormaic agus an Dr. Mac Cionnaoith. Do ceapadh coiste cóimhfhreagarthais ; Sinclair, Mac a' tSaoir, Haslitt, Mac Néighill air, agus R. Simms 'na rúnaidhe. Do léigheas leitir Ch. Uí Chonchubhair le háthas agus sásamh mór. Locht gan éifeacht ag an gCaimbéalach ar alt di ag tagairt do shéanadh ar theagasc áirithe a cuirtar go bréagach i leith na gCatoiliceach Rómhánach ; freagradh le móiréifeacht ag Ó Bríosáin air. Fearg ar an gCaimbéalach toisc an mícheart aige féin, mar is gnáth riamh ; tugadh neamháird ar a chuid casaoide. Thugas féin agus P.P. roinnt óráideacha ar aiste na gCatoiliceach Rómhánach agus ar a ullamhthacht a bhí muinntir Bhaile Átha Cliath chun oibriú i gcómhar leis na hÉireannaigh Aontaithe. Do deineadh gáir mholta fé'n scéal san.

Do scaipeamar ar a haondéag, thána abhaile ; chinneas ar dhul chun cruinniú na gcóimhleacaithe ; chóirigheas mé féin, d'imigheas fara P.P. Teacht do Ph. P. ar malairt aigne tar éis ceathrú uaire idir dhá aigne dho san lobby, agus cómhairle de'n lucht freastail a ghlaodhach, agus cailín an tseomra mar aon leo ; *rud ba dheas bíodh nár cheart ;* tána thar n-ais arís fé iarracht de mhíghreann. P.P. ar malairt aigne arís ag an doras agus do mhol dul ar ais chun na gcóimhleacaithe ; dhiúltuigheas go tur. P.P. go cáinteach leis sin :

d'áirimh sé mo lochta dhom, agus ortha san bhí mo ghnáithbhéas chun cómhairlí a thabhairt do dhaoine eile; dubhart le P.P. ná déanfainn feasta é. P.P. scannraithe; do ghéill. Do chuas a chodladh leis an intinn go dtiubhrainn-se fé sin ar maidin. Ní fhéadfainn codladh; cat san tseomra; d'éirigheas agus ruaigeas amach í; thuit codladh fé dheireadh orm.

Deireadh F. 19.—Bricfeast; Mac Aughtrey, Digges, agus Ó Bríosáin. Do bheir Digges amach mé chun mo thuairim d'fhagháil i dtaobh na nÉireannach nAontaithe. Dubhart gur mheasas dóibh gur lucht misnigh agus diongbháltacht iad a bhí, de dheallramh, go mór dáiríribh. Dubhairt sé gur tuigeadh san do féin leis. D'fhiafruigheas de an raibh aon deallramh aca leis na coistí i nAmerica san mbl. 1775, agus 'na dhiaidh. "Tá go cruinn," ar sé. Is é tuairim Digges gur ionann Deisceartach amháin, nuair a bogfaí é, agus fiche Tuaisceartach, ach iad deacair a bhogadh. Digges 'na Rúnaidhe roinnt bhlianta do Choiste Bhaltimore i Maryland. Taidhsigheann sé go dtaithnighim féin agus P.P. leis.

Do chuas, ar a haon go dtí na daoine Sainiúla. Do socruigheadh ar conus a dhéanfaí cóimhfhreagairt le hóglaigh Bhaile Átha Cliath. Cúig céad cóib de rúin na nÉireannach nAontaithe le clóbhualadh ar ghearrpháipéar le scaipeadh. Is é tuairim Sinclair go mba cheart do na cathardhaigh ghnáthacha i ngach áit bheith chun tosaigh ar na hÓglaigh ag gabháil le rúin d'á leithéidí.

Dinnéar ag tigh Ghetty* ; an seanghasra. Do chuas ar a hocht go dtí na fir Shainiúla. Cómhrádh i dtaobh cóimhfhreagairt idir Óglaigh Bhéal Feirste agus Baile Átha Cliath. Do haontuigheadh ná raibh an Tuaisceart fós ullamh chun ionnsuidhe nearthmhar díreach a thabhairt fé Ghrand Jury Árdmacha. Níor cheart go raghadh muinntir Bhaile Átha Cliath níos sia le n-a bhfreagradh ná mar théighid lucht Bhéal Feirste le n-a bhforógradh: mar, dá dtéighidís, d'fhágfadh san muinntir Bhéal Feirste i mball mearbhaill idir ró iomad agus ró luighead a dhéanamh. Do haontuigheadh nach idir Óglaigh, ach idir chlubanna, dob fhearr cóimhfhreagairt a chur ar siubhal go fóill toisc go raibh fé láthair ann cuid mhaith complachtaí go bhféadfaí a thabhairt ortha dul i n-aghaidh na nithe atá beartaithe againn i gcómhair na gCatoiliceach, ach ní fhéadfaí club d'fhagháil ar malairt prionsabal seachas mar bhí ag na hÉireannaigh Aontaithe; farais sin nuair a bunóchar na clubanna leanfaidh na hÓglaigh iad, dar ndóigh. Níl Árdmacha ullamh do

*Oifigeach i nÓglaigh Bhéal Feirste.

thoscaireacht de Chatoiliceacha Rómhánacha ó Bhaile Átha Cliath, ach déanfar gach dícheall d'á n-ullmhú le leitreacha, páipéir nuachta, 7rl. Tá Liam Sinclair, 'na Uachtarán ar Choiste Chóimhfhreagarthais na nÓglach do, chun leitir oifigiúil a scríobhadh go dtí Tandy agus tuairisc a n-imeachta, 7rl. innti, agus beidh leitir 'na teannta uaim féin nó ó Ph. P. le tuairisc ar nithe nár cheart a luadh b'fhéidir i scríbhnibh oifigiúla.

Abhaile ar a 10; oidhche bháistighe. Ba gheall P.P. san bhfearthainn le King Lear san anaithe; thána-sa abhaile i riocht Kent, díbeartach. *Mem.* Do dhein P.P. éirghe mochtrátha maidin indiu, agus bhí trí leitir scríobhtha aige sul ar éirigheas-sa; agus, leis an deimhniú san ar leasú a bheathadh bheith d'á dhéanamh aige, níor bhacas tharm an greadadh a bhí beartaithe agam a thabhairt do.

Deireadh F. 20.—Bricfeast, im aonar; lá doilbh duartain! Tháinig Mac Aughtrey chugam agus do shuidh tamall. Tháinig Digges agus d'fhan chun dinnéir. Do scríobhas ceisteanna dho i dtaobh imirce agus do fhreagair. Cómhrádh go dtí n-a 10 istoidhche; móirghreann ann ach beagthairbhe. Scórnach thinn agam ag dul a chodladh—go dona go maidin.

Deireadh F. 21.—Bricfeast sa leabaidh, Digges, Mac Aughtrey. agus P.P. isteach. Níor éirigheas go dtí n-a haon. Cia bhuailfeadh liom *fossilising* san tseomra proinne i dtigh Mhic Dhómhnaill ach Tom Cleghorn. Do ghléasas orm; siúd liom i gcóiste go tigh an tSeoighigh le Digges agus P.P. Cath iongantaiseach tar éis dinnéir ar cheist na gCatoiliceach. Ar thaobh Bhuachaillí an Amhscarnaigh* bhí MM. an Seoigheach, MacUiliam, agus A. Stiubhardach; ar thaobh na gCosantóirí† bhí P.P. agus mé féin. Buaidh catha le Cosantóirí tar éis cruadhchómhraic. Gach argóint ar an taobh eile seanchaithte, éidearbh, neamhchruinn (*vide mo phaimpléid, marar ghairmeas Gé dem chéile cómhraic*). P.P. áirdghlic; le ceistú cleasach do threoruigh Mac Uiliam chun béhé a dhéanamh de féin. Eagla an Phúca ar Mhac Uiliam. Sparnaidhe slitheach ceapaitheach an Seoigheach. An Stiubhardach leath idireatartha. Do ghaibh náire Buachaillí an Amhscarnaigh le n-a n-ionad féin san gcath. D'admhuigheadar go mba chóir na Catoilicigh d'fhuascailt, ach níor chaothúil leo é. Díth céille diabhail. P.P. go sruthlabhrach! é ullamh chun Mac Uiliam a chómhrac. San gcóiste—tuairim

---

* Peep-o'-day Boys. † Defenders.

Dhigges gur liom féin agus P.P. an bhuaidh. *Mem.* Díth céille iseadh gach iomarbháidh de dhruim dighe. Abhaile—mé chun leabthan go luath. P.P. ag club na gcártaí; d'fhill abhaile ar a dó gur mhúscail mé. Deighbhéas thar barr i bP.P.; chuaidh a chodladh fé dheoidh.

Deireadh F. 22.—Bricfeast, gan aoinne; mo scórnach thinn imithe. Ag siubhlóid le P.P. agus Jordan; óigfhear ríchliste Jordan. Fuaireas ceann dem phaimpléidí* ó Shimms; thugas do Uiliam Sinclair é, ceann eile do Mhac Aughtrey. Do ghléasas orm—dinnéar i dtigh Mhr. Ferguson; Bruce, An Dr. Haliday, Waddel Ó Cuinneagáin, 7rl. Fear taithneamhach Haliday. Abhaile go luath; gan aon leitir tagaithe. P.P. 'na luighe rómham-sa de'n chéad uair riamh. *Mem.* Do theagmhuigh an fear liom, adubhairt ar an stáitse gur Charmeilíteach é, ag gabháil na sráide agus bean i ngreim uileann ann; dathú go súile ar an mnaoi; mé deimhneach, fé dheireadh, nárbh aon Charmeilíteach é; ghabhas mo leithscéal le P.P. gur mhaoidh súd as. Do léigheas leitir Uí Chonchubhair do Shinclair.

Deireadh F. 23.—Dia Domhnaigh. Bricfeast fara Digges—Mac Néighill isteach. Tuairisc fhada i dtaobh imeachta na dtoscairí i mBéal Feirste ar an gceist idir Flood agus Grattan. Meanma Bhéal Feirste san mbl. 1783, nuair bhí an chómhdháil 'na suidhe. Gunnaí móra ullamh le pléir meallán agus fraslámhaigh; cáirne móra de chartraisí liathróideacha, agus ar a luighead chúig céad fear ullamh chun gluaiste ó Bhéal Feirste agus iad ag tnúth gach uair leis. An spioraid chéadna coitchiannta beagnach san Tuaisceart, cosc leis uile tré mheathtacht nó críonnacht thaidhleoirí Éireann ar cómhdháil. Dinnéar ag tigh A. Stiubhardaigh fara braisle de scuibhéirí ó Chonntae an Dúin. Sionnaigh, girrfhéithe agus buic d'á bhfiadhach, agus feirmeoireacht. Prátaí an Tuaiscirt saor ó chnuimhe; gan fiú fios a n-ainmneach aca, 7rl. Is fearr i gcómhnaidhe a saothruightar feirm thromchíosa ná ceann lagchíosa; *b'fhéidir é.* Do chuas ar a naoi go dtí an Washington club. Argóint idir Bhunting agus Boyd ó Bhaile Chaisil. Boyd go soimheanmnach. D'áitimh orm féin is P.P. go raibh ocras orainn. Do chuamar do'n *Donegal Arms* agus chaitheamar suipéar gliomach. Ar meisce. Go droichmhéineach le P.P. P.P. foidhneach. *Mem. Gan so a dhéanamh arís.* Do chuas san leabaidh. Do mheallas P.P. le ráiméis. Do thuiteas dom chodladh.

* An ceann do scríobh ar thaobh na gCatoiliceach.

Deireadh F. 24.—Breoite ar dhúiseacht dom. D'éirigheas ar a naoi. Bricfeast ag tigh Liam Sinclair, do réir coinne ; ní fhéadfainn ithe. Bainchéile Shinclair am leigheas le dramanna Franncacha, 7rl. Ar marcaigheacht i dteannta Ph.P. is Sinclair go bhfeicimís a thuar lín. Obair sháirbhreágh ; mórchuid inneall. A chómharsain ag fonómhaid fé gach nuaighléas le Sinclair, geilt é dar leo. B'é 'chéad duine é thug potas Americánach leis. Níor lean é ach triúr nó ceathrar ach táthar ag gluaiseacht. *Barilla* bhíonn ag an gcuid eile. Innill anois a ghní an obair ar fad beagnach ; lámhshaothar triocha bliain ó shin, agus na daoine de shíor-ghnáth i n-aghaidh gach nuaighléasa. Do bhíodh ar Mhr. Sinclair críona complacht nó, uaireannta, dhá chomplacht de'n gharastún d'fhostadh chun obair aon mhuilinn amháin anois a dhéanamh. Dlús mór uisce ann, rud uilechómhachtach i ngnó an línéadaigh. Trí easa, troigh is fiche gach ceann aca, i n-achar deich n-acra, agus deich gcinn eile san ngleann, má's gábhadh. Tír aoibhiúil álainn. Ba léir dom ó bharr cnuic díobh Loch nEachach, Loch Cuan, Loch Laoigh, mar aon le Beann Mhadagháin agus Beanna Boirche, 7rl., 7rl. Fear sárthuigseanach Sinclair. Scéalta i dtaobh tráchtála an línéadaigh. É neimhspleádhach do Shasana beagnach. Do cuireadh iarratas seacht mbliana ó shin i láthair na Pairliméide d'iarraidh *bounty* ceithre bpingne déag an tslat : Sasana 'na choinnibh ; do buadhadh san deireadh é. Roimh an *mbounty* ní chuirtaí thar lear go dtí na hIndiaithe Thiar ó Bhéal Feirste níos mó ná triocha nó ceathracha píosa ; imigheann anois lán caogad, seascad, agus seachtmhód bosca i ngach luing. Do bhagair Sasana annsan an cháin chostuim a bhaint de línéadach coigcríche ach níor leomhadh a dhéanamh. Sáruigheann Éire gach tír eile le feabhas agus le saoire a cuid línéadaigh, mar is léir i margadh America, ná tugann aon rogha cánaidheachta agus a gheibheann a mbíonn uaithi ó Éirinn. Dá mba mhian le Sasana é d'fhéadfadh sí, ar feadh tamaill, tráchtáil na hÉireann san línéadach a bhacadh ; ach ní fada go n-éireochadh sí as an obair sin ar mhaithe léi féin mar ná faghadh sí 'na mhalairt d'áit 'na cómhair féin é chómh maith ná chómh saor. Tá líntetighe i Sasana gur rogha leo, tré drochchroidhe, an línéadach Gearmánach, go mórmór líontighe an rí. Línéadach Gearmánach amháin cuid an rí agus na bainríona, agus dar ndóigh a lucht fónaimh. Do thriail Sinclair línéadaighe a ullmhú ar an nós Gearmánach agus do chuir chun an lucht gnótha i Lonndain é a sholáthruigheadh do'n rí, 7rl., caitheadh ar feadh dhá bhlian é agus árdmholadh air ; deich fé'n

gcéad níos saoire, agus fiche fé'n gcéad níos fearr ná an línéadach Gearmánach. Órdaithe móra i gcómhair línéadaigh Ghearmánach na hÉireann, ach do dhiúltuigh dóibh. Cách sásta glacadh leis fé'n ngné Éireannach amháin ach líontighe an rí. *Dia le Seoirse Mór an Rí!* Abhaile fé mhaise tar éis marcaigheacht róbhreágh. Aiste ionmholta ó Dhigges. Chun dinnéir ag tigh Shimms; an seandhream; cleasaidheacht chogaidh tar éis dinnéir. An dream Sainiúil istoidhche. Do léigheas leitir, 7rl., ó Thandy. Thugas liosta d'ainmneacha daoine chun cóibeanna de na rúin a sheoladh chuca. Abhaile ar a deich.

Deireadh F. 25.—Go tigh Digges chun bricfeasta. Siubhal amach ar fuaid an bhaile. Tigh an tSeoighigh. D'íocas mo tháille le club Whigeanna an Tuaiscirt agus shighnigheas an gheallúint. Masmus dighe ar Ph.P. san mbaile, measann é féin breoite thar fóir; tobac is trúig leis ní foláir, ach is cuma san. Dinnéar ag tigh Mhic a' tSaoir; Waddel Ó Cuinneagáin, Holmes, an Dr. Bruce, 7rl. Cath fíochmhar ar feadh dhá uair a chluig ar cheist na gCatoiliceach; mar is gnáth níor ghéill aon taobh. Dob iongnadh liom a éascaidhe ghabhtar le prionsabail agus a amhrasaighe iad fá cheist a gcóimh-líonta. Árdshagart farmaideach Bruce; go láidir san argóint uair, eagcórach uair eile, dhein sé achrann do'n cheist le heidirdhealaithe, agus le meascadh nithe atá ó aicne eidirdhealaithe! Thugamar air, fé dheireadh, a rádh go diongbhálta cad é bhí aige i n-aghaidh fuascalta na gCatoiliceach Rómhánach. Seo mar cheapann sé: Ar dtúis, an baoghal a bheadh ann do chreideamh fhírinneach, mar dá bhfuascluightaí Catoilicigh do bhunóchaidís *cúirt ceastúnachta*. An dara rud, baoghal do shealbhachas tré aithbheochaint Cúirt na nÉileamh, agus glacadh le gach fianaise mar chruthúnas ar thideal do Chatoilicigh. An treas ní, baoghal go coitchionn dá gcuirtaí cómhacht 'na lámhaibh, gurab é bheadh san rialtas Catoiliceach annso, dream ná déanfadh saoirse a chleachtadh ná a leathnú. Tuairimí ainspianta eile aige gur éirigh fé dheoidh asta ach do thagair arís do na trí cinn sin mar bhuinchreideamh aige. An chuideacht uile beagnach ar aon aigne leis ach P.P. a thug cath báis, Mac a' tSaoir, Getty agus mé féin; 'nár n-aghaidh Bruce, Ó Cuinneagáin, Grey, Holmes, Bunting, H. Seoigheach. Ferguson *dubitante* agus *cæterí*, iad uile ag maoidheamh a bhféile agus a ndeighmhéin do na Catoilicigh Rómhánacha. *Brilléis damanta.* Dubhairt Bruce pé tráth luadhfaí an cheist go bhfaghthaí triocha a naoi as gach dachad Protastúnach i n-aghaidh fuascalta na

gCatoiliceach, fé mar bhí nuair a chuir Tighearna Charlemont bacadh san ngnó, agus a thaidhsigh a bheith sásta leis an scéal. Dob fhéidir an ceart a bheith aige, ach tá Dia ós gach rud. Ráiméis dona i dtaobh sclábhaithe sráide bheith 'na dteachtaí dála agus searbhas mór i n-aghaidh an chreidimh nua i dtaobh Ceart an Duine. Do scaramar fé iarracht de mhíghreann le 'chéile. Is mó is léire ná riamh dom gur díth gach céille iomarbháidh dighe. Do chuas go club na nÉireannach nAontaithe. Do glacadh le cúigear fear de ghuth ballot, Mac Giolla Éin agus Getty ortha, dhiúltuigheamar do dhuine. Do bhaineas amach na cóimhleacaithe. Jordan go séimh mar is gnáth. Abhaile ar a dó. Chun leabthan.

Deireadh F. 26.—Bricfeast, Digges agus Jordan. Allagar. Jordan ar buile le teoiric Bhruce. Siubhal amach; chonnac teach an ghloine, an muileann iarainn, 7rl. Dinnéar ag tigh Shinclair; Mac a' tSaoir, Mac Aughtrey, P.P. agus mé féin. Do tráchtadh ar theoiric Bhruce arís. Iongnadh mór ar Shinclair faoi. Ceist na gCatoiliceach. Ráidhteas Bhruce i dtaobh a gcuid iomchuir ar cómhdháil; a bhréagnú ag P.P., a bhagair leabhar a scríobhadh. Do gheall diospóireachtaí na cómhdhála, maille le nótaí, a chur chun Sinclair. D'fhiafruigh Mac a' tSaoir cad d'fhéadfaimís a dhéanamh i n-aghaidh Shasana. Sinclair teasaidhe. D'aontuigh súd agus P.P. go ndéanfaí an t-arm i nÉirinn a éirleach agus ná faghthaí a n-atharrach. Do bheir Sinclair dubhshlán díchill Shasana maidir le tráchtáil; admhuigheann go bhféadfadh sí é bhacadh ar feadh tamaill, ach tar éis na Réabhlóide go n-éireochadh go buacach arís fé lánluas, tré Éire bheith saor ó fhiacha. (Is aisteach go bhfuil a thuairim ar aon dul le Digges go fiú na focail). M'aigne féin lántsocair. Bíonn deich míle píosa lín ar tuar gach bliain ag Sinclair. Ba cheart i dtuairim Ph.P. laige Shasana a bhreithniú chómh maith le laige na hÉireann; Mr. Digges leis, adeir, " Leis an gcéad philéar a scaoilfidh Sasana, sin tuitithe a stuic airgid." Abhaile go luath. P.P. maith-go-leor ach gan é thar fóir. Chun leabthan.

Deireadh F. 27.—Mochéirghe chun mo chuid fearais a chur le 'chéile. Digges im chabhair agus P.P., ar bheith dho-san tar éis codladh meiscidh a dhéanamh, go mór san tslí air, agus é go mór ar mearbhall eolais tré fátha áirithe. D'fhan Jordan agus Mac Dómhnaill farainn. Cead agus ceileabhradh fé throime croidhe ar a haon le Béal Feirste, tar éis slán d'fhágáil ag cách ar an mbóthar. Mac Dómhnaill d'ár dtionnlacan cheithre míle bealaigh.

Hic finis longæ chartæque, viæque—a ndubhairt Flaccus ba dhiadha.

Sin na taidhleoirí bochta íslithe anois go céim an phobail choitchinn—*sic transit gloria mundi.*

P.P. agus S. Hutton.

Samhain 7.—Dinnéar ag tigh an Dubhghallaigh. Ocht nduine déag do láthair, Tandy, Ó Draighneáin, Pollock, Mac Cionnaoith, Mac Cnáimhín, Mac Cormaic, P.P., agus Mr. Hutton, 7rl. Gach ní tláth ar dtúis. Dubhairt Tandy go bhfuil Grattan go dearbh linn agus Diúic Laighean beagnach chómh dearbh leis. Do léigheas forógradh an Chumainn Chatoilicigh ar son faisnéis ar a gcuid reacht; do mórmholadh é, agus do thuill sé é sin. Do chrom Jones ar luadhadh tuairimí; an cheist go haimhréidh, dar leis, agus achrann neamhriachtanach ann tré cheist an aithleasaithe agus gnó na gCatoiliceach d'eidirmheascadh; faghtar an rud deiridh ar dtúis agus leanfaidh an ceann eile é, dar ndóigh. Dubhairt Mr. Hutton mar shárú ar Jones nach leor a bhfuil de neart ag teanntú le ceart na gCatoiliceach ar leithileith, chun na Protastúnaigh a mhealladh chun tosaigh agus, mar sin, nach mór cóimhriachtanas a bheith ann chun cóimhdhícheall a mhúscailt. Dá mbeadh connradh ar bun aon uair amháin eatartha ba chuma ciaca cuid de'n cheist a gheobhadh tosach, ach go gcaithfaí, ar thaobh, aithleasú Pairliméide a gheallúint do na Protastúnaigh agus, ar an dara taobh, fuascailt do na Catoilicigh agus mar sin go ndéanfaí dlúithcheangal agus meascadh ar thuairimí agus ar riachtanaisí an dá dhream. Ba léir agus ba mhealltach é Mr. Hutton ar an ócáid sin, agus do bhain feidhm as argóintí fónta eile. Dubhairt Mac Néighill 'na dhiaidh do réir taithighe an scéil ná raibh maith i gcumas dreamanna eadarscartha, agus ná raibh ceangal buan ann ach cóimhriachtanas; luaidh sé an chómhdháil agus do chan bréithre molta ar Mhr. Hutton mar chrích scéil. Dubhairt Eoghan Ruadh (Pollock) 'na dhiaidh gur aontuigh le n-a ndubhradh agus dubhairt fós ná fuil ann ach díth céille a cheapadh go maolóchaí freasabhra an Rialtais le bheith ag ionnramh ceist na gCataoiliceach agus ag cur an aithleasaithe ar gcúl, mar go bhfeicid láithreach ná fuil eadarscaradh i ndán dóibh. Do chuir Tandy críoch leis an scéal, d'aontuigh go hiomlán le Mr. Hutton Mac Néighill agus Eoghan Ruadh, agus ba dhíombáidh le Jones san agus níor fhan de phort aige ach "Trí milliúin! Trí milliúin!" Fearg orm le P.P. toisc nár labhair. P.P. féin teasaidhe annsan, ach

tugadh fuaradh air le lán meidre de dheaghchómhairle a steall Mac Néighill ar a chuid uilc. Na Cataoilicigh uile ar aontú linn ach an Dr. Mac Cnáimhín amháin a bhí i n-amhras. Do gheall Mr. Hutton bricfeast a chaitheamh Dia Céadaoin i bhfaradh an Dochtúra céadna. Lághaiche mhór ar gach taobh. Scéal rímhaith ar Hobart, Major agus Rúnaidhe, a bheith fé dhornasc i dtigh faireacháin St. Ann's. Do chuas go tigh leanna le Mac Néighill, P.P. agus dream Bhéal Feirste. Duine aca, bhí díreach tar éis teacht ó Shasana, deir sé go dtaithnigheann an cómhaontú thar barr leis an Dr. Priestley agus gur iarr sé chóib de phaimpléid mhórchlú (*An Whig ó'n Tuaisceart*). Abhaile ar leathuair tar éis a haondéag, chun leabthan. *Mem.* D'fhágas P.P. ag druidim chun móirmheiscidh, tar éis a chuid geallúintí breághtha. Go dona dona!

(*Leitreacha do scríobh Wolfe Tone chun a mhná*)

(BAILE ÁTHA CLIATH,
tuairim Samhradh na bl. 1791.)

A DHILGHRÁDH.—Níl le rádh agam ach go bhfuil gnóthaí annso ag dul chun cinn go hálainn. Táimíd tar éis club d'Éireannaigh Aontaithe a chur ar bun i mBaile Átha Cliath, fé mar atá i mBéal Feirste, agus tá glacaithe aca le n-ár rúnchuspaí-ne ach réamhfhocal gearr a chur leo. Is beag ach go bhfuil Connacht uile greamaithe againn agus sinn ag cur an chatha san dá chúige eile. Is iongantach a dhúthrachtaighe, a bhríomhaire, a dhícheallaighe agus a dheiscréidighe a deintar gach ní. Do chaitheas proinn fara Pápairí eagsúla, agus tar cách eile, fara Tighearna Dhún Samhnaighe do mhalartuigh creideamh le déannaighe, ach tá fós 'na Chatoiliceach 'na chroidhe. D'iarr sé mo choidreamh mar chomaoin onóra, agus raghad chuige amáireach. Tá mo leabhar ag imeacht ar luas mire. D'aimsigh an caisleán an scéal ach is go neamhchruinn é. Níl d'eolas aca ach gur thosnuigh an galar i mBéal Feirste agus gur Toole nó Toomey nó duine éigin mar sin, fear dlí, a bheir ann é. Is dócha go dtiubharthar iarracht ar an Mr. Toole nó Toomey nó pé hé féin d'aimsiú.

Tá Seoirse Ponsonby éirithe, gan coinne leis, an-lághach an-chineálta, . . . agus ní beag san do'n pholaitidheacht. Tuigim, agus is oth liom, gur fhill an tinneas cinn sin arís ort. Tá Liam beag ag éirighe ró láidir duit agus mar sin táim 'ghá iarraidh ort é bhaint de'n chích láithreach. Tá sé aosta a dhóthain anois agus ní healadha

dhuit do shláinte a mhilleadh do'n mhoncaidhe beag san, go mórmór nuair is eol duit a luachmhaire agam-sa do shláinte-se.

Tá sé chómh fíorthábhachtach san mise d'fhanúint san gcathair gur deimhin liom nárbh áil leat mé d'imeacht an fhaid a bheidh nithe san aiste 'na bhfuilid. Má éirigheann leat Máire thabhairt síos chugat bead an-shásta; fágaim fút-sa é óir tá na seacht séidthe ar siubhal agam féin ar shlí gur ar éigean fhéadaim m' ainm a chur leis seo chugat.

T.W.T.

BÉAL FEIRSTE,
Deireadh Fóghmhair 20, 1791.

A MHÚIRNÍN MO CHROIDHE AGUS M'ANMA.—Do scríobhas chugat cúpla post ó shin chun a chur i n-úil duit go rabhas im bheathaidh fé mhaise. Níor innseas aon scéala dhuit mar go gcuirim gach ní san dialainn agus súil agam le mórthaithneamh nuair a léighfeam mo pháipéir i dteannta 'chéile. Tá P.P., Cléireach an Pharóiste seo, baistithe agam mar ainm ar an Ruiséallach agus tá sé 'na dhuine iomráidhteach im scríbhinní. Muna mbeadh 'fhios agat ciarbh é P.P. bheadh an greann ar seachrán ort. Fuaireas go lághach iad muinntir na háite seo, agus níl lá ó thána nach amuich a chaitheas dinnéar, agus tá geallúintí thairis sin tugtha agam ná féadfad a chóimhlíonadh. Do cheapas go n-éireochadh liom gluaiseacht Dia Domhnaigh ach is baoghal nach corruighe fhéadfad go Dardaoin. Ní fhéadfá a mheas ach a cheanúla atáim ort ó'n seal gearr so atáim scartha leat. Ceapann tusa gur fearrde sinn bheith i gcómhnaidhe le 'chéile, ach is dearbh liom-sa, óm eolas féin, gur dearmhad duit sin óir, muna mbím ar fán uait ach seachtain féin, braithim mo chroidhe ag claoidhe leat féin agus le n-ár mbáibíní cumainn. Níl agam le rádh ach san ach gur mian liom mo ghrádh a chur i n-úil daoibh uile, agus gur leat féin, a ghrádh, de shíor mé. Muna bhfuil scríobhtha cheana agat ní gábhadh dhuit a dhéanamh; ba mhaith liom, ámh, go mbeadh leitir amháin fachta agam uait.

T.W.T.

AGUISÍN.—A Mhaití,* a chroidhe. Ní mian liom fhiafraighe, agus ní himnidhe liom, aon ní dá ndubhairt do chéile róchéillidhe im thaobh. Is leor, i gcoitchinne, gur "*liom cara tráth.*" Táim fé dheireadh go gnóthach ag ceapadh aiste deaghmhorálach ar mheasar-

* .i. Matilda, bainchéile T. W. Tone.

dhacht agus déanfad a thoirbhirt dom féin, mar ní heol dom duine eile is mó a bheadh buaidhte leis. Beir mo ghrádh uaim dot óighinghin agus dod naoighneán linbh. " Dia le gach neach duine." —Mise agat go héag,—P.P.

Aguisín.—Tá a chuid brilléise breacaithe ag P.P. Amadán thar fóir é agus is mór é mo dhuadh 'ghá riar. Geallaim duit go ngáirfir fé n-a gheáitsí san dialainn seo agam-sa atá míle uair níos greannmhaire ná ceann Swift, agus gur maith an ceart do mar gur do dhuine is soilbhre míle uair ná Stella atáthar 'ghá scríobhadh. Do bheirim beannacht mo charad, P.P., mar bhuille scuir—Dia le gach neach duine!

Aguisín.—Do bheir P.P. "a chara Mr. Seon Hutton" orm, ach is eol do Dhia cad tá san gcroidhe. Tá dialann d'á scríobhadh aige ach is fearr mo cheann-sa ná leathchéad d'á shaghas.

IX

BUACHALLÍ AN AMHSCARNAIGH AGUS NA COSANTÓIRÍ

1792—IÚL 4 GO LÚGHNAS 20.

Turas Wolfe Tone go Béal Feirste i Mí Iúil, 1792. Cuarda ar na cláirseoirí. Amhras drochfhuadair ar Wolfe Tone. Léir-iniúchadh Óglach. Cruinniú mór ag Halla an Lín. Gáirdeas buaidhe. Diospóireacht ameasc Dí-aontach i dtaobh cabhair a thabhairt le fuascailt Catoiliceach. An t-achrann i Ráth Foir-chealláin. Turas ag Tone ann. Cómhrádh le Grattan. Fochoiste na gCatoiliceach agus Risteárd de Búrc. Turas eile go Ráth Foir-chealláin. Doicheall ann rómpa. Buachaillí an Amhscarnaigh agus na Cosantóirí. Teacht go hIubhar Cinntrágha.

Iúil 4.—Do chuas ar a iarraidh féin chuig Mr. F.* agus d'innis sé dhom go raibh Mr. Ó Conghaile tar éis filleadh ó Shasana agus go raibh sé go mór níos muinnteardha ná mar bhí súil leis ach go raibh cuid de lucht leanúna an Ghiobúnaigh d'iarraidh é scannrú ag trácht ar cheannairci Catoiliceach, 7rl. Go raibh sé go láidir i n-aghaidh gnímh lucht Pairliméide a dhiúltuigh do'n athchuinghe, de bhrí, má bhí na prionsabail laistiar de'n ghníomh go ceart, nár chóir dóibh aon ní a thabhairt do Chatoilicigh, fiú Bille Sir Hercules Langrishe†. Dubhairt Mr. F. annsan gur duine é an Conghaileach gur thaithnigh ómós leis agus, d'á bhrí sin, go gcómhairleochadh sé an Branach agus Mac Eochaidh agus roinnt daoine ó Chill Dara (do luadhas-sa an Gearaltach) do dhul ag triall air agus an ráidhteas agus páipéir ar bith eile do bhreith leo chuige; a chur i n-úil do gur mhór aca moladh agus congnamh ó dhuine chómh céamghradamach leis féin, agus a léiriú dho eagla bheith ortha go ndéanfaí iarracht ar a aigne a chlaonadh 'na gcoinnibh; go rabhadar, d'á bhrí sin, ar an gcéad chaoi a fuaireadar tar éis do-san filleadh ar ais do'n tír, ag teacht chuige le ráidhteas macánta i dtaobh a ngníomhartha agus a dtuairimí féin; má bhí aon chuid de'n ráidhteas dob fhéidir a threisiú (go mórmór i dtaobh seilbh

* John Forbes, M.P., dar le R. Barra Ó Briain. † Bille 1792.

ionnmhasa) go rabhadar sásta glacadh leis sin; agus, mar chríochnú dho, a innsint go rabhadar féin go bithdílis ar thaobh síothcháin agus deighriar agus suaimhneas a bheith san tír, nithe gur mór é suim Mhr. Ó Conghaile ionnta. Tar éis imeacht ó Mhr. F. do bhuail Mr. Grattan liom agus d'aontuigh seisean le gach ní d'á ndubhairt sé. Do socruigheadh go raghadh an Branach, Mac Eochaidh agus an Gearaltach go Castleton.

Dia Luain, Iúl 9.—Do ghluaisigheas i dteannta Coimeádaidhe na Leomhan san gColáiste* ag triall ar Bhéal Feirste. Breicfeast agam ag an "Man-of War"; ba dhuairc mé i n-uireasbhaidh Ph.P. An Coimeádaidhe go trommheanmnach. Do moladh cluiche piquet; gabhadh leis; do himrigheadh go macánta; tá amhras agam nach cúibleálaidhe an Coimeádaidhe. Ní thárlaidh pioc le tábhacht gur sroicheadh Dún Dealgan; bhuaidheas deich annsan ar fhear muice thiomáint ar sring. Ditto ag Loch Bricreann; cluiche ag Droichead na Banna; an Coimeádaidhe 55, Mr. Hutton 95. Chun suain i nDroichead na Banna.

An 10*adh lá*.—Ar siubhal go luath; cat le feicsint sula dtagam go droichead; cluiche. An Coimeádaidhe míchéadfadhach. Is ródheas an caitheamh aimsire d'fhear stáit agus d'fheallsamh é. Ó dhe! dhe! Mar áireamh coitchionn, bhí cat agus an seachtú cuid de chat i n-aghaidh an mhíle de'n bhóthar mór ó thuaidh. Ní thugas aon ní tábhachtach ná tairbheach eile fé ndeara ar an slí. Do shroicheamar Béal Feirste ar a haon, uair ba chlos dúinn go raibh an chéad chomplacht ar gleacaidheacht, agus chaitheamar dinnéar fara Waddell Ó Cuinneagáin. Do scaoileamar ár bpacaí fé dheithneas, ghléasamar sinn féin i gculaithí airm; siúd linn chun na páirce agus d'fhágamar an Coimeádaidhe chun feistiú 'nár ndiaidh. Casadh gach n-aon linn. An Cuinneagánach go lághach; dinnéar san bpuball ar dheis an Chaptaein. Tar éis dinnéir ghaibh an chomplacht go léir amach agus do dhein rinnce fé'n bpáirc mar dhéanfadh Franncaigh féin é; do máirseálach isteach 'on chathair tráthnóna, "*all with magnanimity and benevolence.*" Suipéar againn fara Mac Néighill agus an tseandreama; an-thuirse orm tar éis an bhóthair. Chun leabthan ar a haon a chlog.

An 11*adh lá*.—Tinneas cinn go holc orm ag éirghe agus mé chómh liodartha le gearán mhuilinn; chuas chuig Sinclair; léigheas an dileagra tríd síos. D'aontuigheas chun bualadh leis féin agus leis an Dr. de Faoit maidin lae ar n-a mháireach, le linn bricfeasta,

* Whitley Stokes.

d'fhonn críoch a chur leis an ngnó, óir cuireadh i n-úil dom go bhfuilim ceapaithe ar aonchoiste leo. Do bhuaileas isteach chun an Choimeádaidhe bhoicht ná feaca ní fios cathain agus fuaireas fios go bhfuil ag éirghe go breágh leis im cheal. Do bheireas liom é go dtí an Fimineach agus chuireas i n-aithne dho é; an Fimineach chómh ceannsa agus bhí riamh; d'iarr orainn teacht chun dinnéir leis amáireach; gheallamar san. Do chuamar go léir go tigh an Chláirseora ar a haon; é suarach go leor; deichniúr de lucht seanma; móirsheisear aca go rídhona, triúr go maith, duine aca, Ó Fionnáin, abhfad chun cinn ar an gcuid eile. Níl aon rud i dtaobh ceoil fachta amach go nua; is dóigh go bhfuil na fuinn fhónta Ghaedhealacha ar fad scríobhtha síos cheana féin. An dream ar fad tuirseach. Do chonnac an chomplacht Ghorm ag máirseáil amach i gcómhair gleacaidheachta; an rang tosaigh go breágh ortha. Do bhuail an Sclábhaidhe Éireannach liom agus áthas an domhain air teagmháil liom. Dinnéar agam fara Mac Néighill agus an seanghasra; tháinig an Coimeádaidhe isteach deireannach; an cómhrádh leamh go leor. Braithim uaim níos géire gach lá P.P. bocht. Do bheireas an Coimeádaidhe chun na gcóimhleacaithe. Do chonnac púca an tSiúrdánaigh atá i Lonndain; fuaireas, tar éis Laidean a labhairt leis an taise úd, gurbh é an Siúrdánach féin é; áthas croidhe orm teagmháil leis. Suipéar i dteannta na gcóimhleacaithe; suipéar arís i dteannta Mhic Néighill; an seanghasra. Go deireannach chun leabthan. Ar feadh an lae go léir mé chómh dúr le staic; mé gan P.P. Is dubhach, dubhach san.

An 12adh lá.—Tinneas cinn orm ag éirghe de dheascaibh áirneáin oidhche. Do chuas amach go dtí an tÉadathóir ag Liliput. Do bhuail an Dr. de Faoit liom; shocruigheamar an dileagra; cuid mhaith athraithe. D'fhilleas chun na cathrach arís; ní fheadar cad a dhéanfainn; chuas ar bogluadar go tigh an Chláirseora; casadh Vesey Knox orm a thaispeáin leitir ó Sheon* dom go raibh tuairisc innti ar an mbuaidh rugadar i n-aghaidh an tíoránaigh fola. Dinnéar ag tigh an Fhiminigh; do bhí an Seoigheach, Mac Uiliam, Ó Bríosáin, An Stíobhardach, Renny Ó Meiscil, An Coimeádaidhe, 7rl., ann. Is cuimhin le Mac Uiliam an tuargan a fuair sé ó Ph.P. Deireadh Fóghmhair seo caithte, tugann sé an Socratach ar Ph.P. Mac Uiliam cliste agus deir sé gur mó de charaid anois do na Catoilicigh é ná mar dob eadh cheana. Is dóigh liom go mbaineann sé leis

* Seon Knox, oifigeach i n-arm Shasana. Deir R. Barra Ó Briain gur san India a bhí an Tíoránach.

an dream ó indiu go dtí amáireach. Do ghluaisigheas liom ar a naoi chun bualadh leis na taidhleoirí ag an *Donegal Arms*; chúig duine déag do láthair, Mac an tSaoir 'na chathaoirleach. Do léigheas an dileagra ó'n gcoiste. Waddel Ó Cuinneagáin 'na choinnibh gan aon chúis a luadh. Thug Mac Néighill fé. Fé dheireadh scaoileann sé amach é. Do chuir teacht Mhr. Hutton buaireamh mór ar dhaoinibh, go mórmór ó thug sé fear éigin ó'n gColáiste leis ná fuil aithne ag aoinne air. Do gháir an chuideacht uile; d'imigh an Cuinneagánach agus é ag tormas. Do léigheadh an dileagra alt ar alt, agus do glacadh d'aon ghuth leis ach an chuid de i dtaobh na gCatoiliceach agus bhí H. Seoigheach go haonaránach 'na aghaidh sin. Scaipeamar. Abhaile liom. Do'n leabaidh mar is gnáth ar leathuair tar eis a haon. Áirneán diail dona!

An 13adh lá.—Tinneas cinn orm arís le linn éirithe. Dul dom go dtí an *Donegal Arms*. Gan aon Chatoilicigh ar chóiste na Leitreach. Is an-aisteach é sin. Do chonnac iad ag cur áiteanna i n-áirithe do'n oidhche araer. An dtiocfaidh siad nó ná tiocfaid. Ní tháinig aon leitir. Tá an dream Iacoibíneach i n-uachtar aníos annso; Lafayette i n-íochtar; measaim iad ar fad mícheart. Níl Béal Feirste i n-aon chor chómh taithneamhach an turas so agus bhí cheana. Tá an pholaitidheacht díreach chómh maith nó níos fearr; gach rud eile níos measa.

P. P. go mór 'na dhíth orm; níl aon bhreith ag an gCoimeádaidhe air. Dála an scéil, chuir an Fimineach an Coimeádaidhe ar meisce araer. Is breágh na gnóthaí iad san. Braithim an Diggeasach mí-áidh úd uaim. An aimsir go dona. Eagla i dtaobh an lae amáirigh orm ar gach cuma; mé go mímhisniúil i gcoitchinne. Ba chlos dom go raibh an Triobúnach agus a bhuidhean tagaithe; agus chuas go dtí an *Donegal Arms* agus dubhart "Ó" leis (*vide* "Robinson Crusoe"). Na Cláirseoirí arís. *Bhung bhang* an diabhail bhuidhe ortha.

Do chuala go bhfeacathas roinnt Chatoiliceach; ritheas; is chuardigheas; fuaireas Magog, Weldon, agus tuilleadh iomadach eile. Do chuaidh an ghruaig i bperibhig an Dr. Halliday go míorbhailteach i léithe le heagla na gCatoiliceach. A lán réalt mongach le feicsint i lanntán an mhargaidh. Do bheireas na Catoilicigh timcheall liom "go bhfeicidís na leomhain." Do chonnacamar íomháigh de'n Tráchtáil ag oifig an árachais; cheap na Catoilicigh gur íomháigh cráibhtheachta a bhí ann, agus ar dhul ar a nglúine dhóibh, d'aimsigheadar a gcuid paidiríní agus dubhradar a bpaid-

reacha ós a choinne; d'fhágas ag an Exchange iad agus chuas chun dinnéir leis an Simmsach. An seandream ann. Níor ólas pioc. Do chuas ar a seacht chun bualadh leis na hIacoibínigh. Adeir an lucht ó indiu go dtí amáireach, go mórstuamdha, go bhfuil Mr. Hutton tagaithe chun páipéir mídhílseachta a chur d'ár n-aindeoin orainn. Mr. Hutton 'na dhuine mór-is-fiú do réir deallraimh. An Coimeádaidhe, atá páirteach san gceilg, is gasta an buachaill é; é amuich ar feadh an lae a cnuasach créafóige, 7rl. chun go mb'fhusa dho fhios a aigne a cheilt, ach tá Waddel agus an Seoigheach ró léir chun dalladh mullóg a chur mar sin ortha. Mr. Hutton ar barraoid feirge chun na seafóide sin agus is truagh leis go n-éisteochadh fear, bean ná páiste i mBéal Feirste le díth céille d'á shaghas. Súil agam le freasabhra amáireach. Níl i gcuid de na díormaibh ó'n dtuaith ach Buachaillí Amhascarnaigh dáiríribh. Muinntir Aondroma go maith; dream an Dúna go holc.

Do chuireas mo chulaith tráthnóna orm agus chuas go dtí an chuirm ceoil comaoine ar Ghauterot; cuireadh fios amach orm. Gog ann gan aon Mhac Dómhnaill! Ní hionann agus fear a chómhshloinne é ba "*worthy to be a rebel.*" Scéalta maithe ó'n Mumhain: Gog ag seanmóireacht le trí lá le seisear easpog agus táid sin, fá dheireadh, tugtha chun creidimh; mar sin raghthar chun cinn leis na friothtuairiscí—*Ça ira*. Chuas ar ais go dtí an chuirm ceoil. Mac Uiliam go suaircmheanmnach; scéalta maithe i dtaobh Tighearna Muighe Rátha, agus teastuigheann uaidh go raghainn ann; tugann sé Caroline of Lichfield ar Mhrs. Ó hEághra. Mr. Hutton go formadach agus bíonn ar a dhícheall chun sárú ar chách, ach teipeann air. Imthigheann agus tugann fé A. Stiúbhardach i dtaobh ceist na gCatoiliceach, agus tugann tuargan gan truagh dho. Gan doimhneas ar bith san Stiúbhardach. Adeir an tÉadaitheoir le Mr. Hutton go bhfuiltar go dícheallach d'iarraidh a chur 'na luighe ar dhaoine 'na thaobh go bhfuil sé beartaithe ar rud éigin a chur d'á n-aindeoin ar dhaoine. Dí-dá-dum! An tÉadaitheoir stuaimmheasardha; adeir sé gur rud a thiocfaidh leis an aimsir é, 7rl., ach mar sin féin go bhfuil an chúis ag leathnú i n-aghaidh an lae. Ní mór an t-ádhbhar misnigh é sin.

Thána abhaile agus ní fé shuaircmheanmain rómhór é. Tharraingigheas chugam mo chrios, 7rl., i gcómhair an léiriniúchta amáireach. Tormas i n-uachtar ionnam. P.P. uaim chun é chómhairliú; mé díreach i bhfonn chun cómhairle thabhairt. Scríobhas leitir i dtaobh coiste na gCatoiliceach, agus X. Y sighnithe leis, i gcómhair

an *Northern Star*. É chómh dúr le staic, ach níl leigheas air. Beidh an Coimeádaidhe chun dinnéir indiu fé'n dtuaith i dteannta an Fhiminigh agus daoine eile; is dócha go ndéanfaidh sé brúid arís de féin. Chun leabthan. Beartú ceilge. Tháinig Mac Néighill go dtí cnaiste mo leabthan ar a haon a chlog, le hórdaithe chun bheith ullamh chun catha ar maidin. Ag gabháil do thar seomra san tigh ósta chualaidh sé an Cuinneagánach ag cainnt ós árd; bhí an doras ar leathoscailt, chuaidh sé isteach agus tháinig iongnadh agus alltacht air nuair a fuair sé ann taidhleoirí ó dhíormaí na tuaithe agus Waddel ag tabhairt gríosta ortha i n-aghaidh na gCatoiliceach agus ag tagairt do theagasc éigin míothairiseachta a bhí beartaithe i gcómhair an lae amáirigh. Do baineadh Waddel d'á bhonnaibh nuair a chonnaic sé samhailt an Néighilligh chuige. Thug an Néighilleach imdheargadh air agus do léigh na páipéir, scaip an cóimhthionól gan teacht ar aon chómhairle chinnte, ach tá coinne ag an Néighilleach go mbeidh sé 'na chíréib againn ar maidin. 'Sé Waddel an——. Suan fé dheoidh timcheall a dó.

Iúl 14.—Tráth *Réabhlóide na Frainnce*. An Néighilleach dom mhúscailt go doich; mé dom ghléas féin im chulaith airm agus a dhul chun bricfeasta i dteannta na gCatoiliceach. Mac Cionnaoidh tagaithe. Drumaí d'á bpléascadh, meirgí le gaoith agus tóirtéis mhór gaiscidh! An briogáid treaschóirithe agus ar gluaiseacht leo ar a deich—seacht gcéad fear agus cuma fhónta go leor ortha. Is fearr go mór an chéad agus an dara complacht de chuid Bhéal Feirste ná an chuid eile, ar gach cuma. An chomplacht uaine 102 duine: an chomplacht gorm 92. Láir an Éadaitheora le marcaigheacht agam. An léiriniúchadh go measardha maith. Tugadh cuid de na complachtaí chun láinlín le gasraí beaga seisir nó ochtair a chur ionnta a tháinig isteach uatha féin gan aon oifigigh.

Chuathas i ndáil chómhairle i ngort phrátaí taobh le faithche an léiriniúchta. Do bhí do láthair: an tÉadaitheoir san gcathaoir, an Triobún, a dheartháir Seoirse, an Dr. Cráfort ó Lios na gCearbhach, an tOirmhidneach Mr. Creag, an Dr. Mac Cionnaoidh agus Mr. Hutton. Amadáin iad uile ach amháin an duine tosaigh agus an duine deiridh díobh. Scannradh a gcroidhe ar Chráfort agus Tandy. Tá dulta orainn; raghaidh an cath 'nár gcoinnibh; tá díormaí na tuaithe ar fad 'nár n-aghaidh go daingean, de dheascaibh an ráfla i dtaobh páipéir éigin míothairiseachta (an seanscéal); b'fhearr beartú ar rud éigin measardha go ngeobhadh gach dream leis; baoghal easaontais ann; díobháil creidiúna ann fiú dá n-éirigh-

eadh linn de bheagán breise; agus gurab é sin cuid is mó go bhfuil ár ndóchas leis, muinntir na tuaithe eaglach; *da capo*, 7rl. Mac Cionnaoidh go mór ar míchéill; cuireann gotha fir le húdarás air féin; adeir sé go bhfuil na Catoilicigh scáthmhar, go mba thrúig bháis dúinn sinn d'ár sárú annso, agus go mba bheag an tábhacht buaidh do bhreith mar ná beadh aon éifeacht i bhforógradh ar son na gCatoiliceach anois muna ndeintaí gníomh láidir éigin 'na dhiaidh.

Fé dheireadh do labhair Mr. Hutton agus do sháruigh cainnt Mhic Cionnaoidh go tur maidir le tairbhe forógartha, agus d'aontuigh an tÉadaitheoir liom; do scrúduigh an cheist fé thrí ghné: ceachtar aca go nglacfaí leis de bhreis beagán guthanna, nó é shárú, nó gan a thairgsint ar chor ar bith. San gcéad chás de, má éirigheann linn de bhreis bhig, is buaidh agus is breis é agus is fearr san ná díombuaidh. San dara cás, má sáruightar é, bíodh aige; bíodh fio an uilc againn agus ná bíodh eagla orainn an scéal a nochtadh agu a bhreithniú, agus gan bheith ag cur dalladh mullóg orainn féi agus ar na Catoilicigh 'ghá cheapadh go bhfuil lucht congnaimh againn nuair ná fuil. Maidir leis an treas smaoineamh, an rud ba mhó a bhí i n-aigne na cómhairle, gan an dileagra a thairgsint ar aon chor, dob é sin an gníomh ba mheasa dob fhéidir a dhéanamh; bhí ann gach olc d'á raibh san dá cheann eile agus tuilleadh 'na theannta; bhí sé claidhreatúil díchéillidhe, agus ba thubaistighe é ná díombuaidh d'á olcas: mar, na daoine a leath oiread san éithigh cheana i dtaobh an dileagra, dá ndeintaí é tharrang ar gcúl anois, leathfaidís éitheach níos míle mó agus déarfaidís go raibh sé chómh oilbhéimeach san nárbh fhéidir duine d'fhagháil go mbeadh sé de dhánaidheacht ann é thairgsint i láthair an chruinnithe; san gceist i dtaobh na gCatoiliceach, muna dtéighimís chun cinn gur ar gcúl a bheimís ag dul agus dá staonaimís anois uaidh tar éis tréiniarrachtaí na dtrí ráithe seo caithte go gcuirfeadh san láithreach deireadh thar fóir le gach dóchas agus gach caoi chun cómhaontais. Agus mar chríochnú ar an scéal ba mhó a bheadh sé ar aon dul leis an spioraid agus leis an gcinnteacht a bhain le meon an Éadaitheora teacht go dána fé'n solus agus aithne ár gcarad agus ár namhad a dheimhniú. Ba mhaith an ní ann féin sinn a bheith d'aonaitheasc ach dob fhearr, ó riachtanas, de rud é mar mheoin chun prionsabail fhónta a chur chun cinn; ach má's gábhadh cúl a thabhairt le prionsabail d'fhonn go mbeimís d'aonghuth ní fiú a cheannach ar an airgead san. Dubhairt Mr. Hutton,

leis, nár shamhluigh an scéal do féin bheith chómh mór i mbaoghal a chaillte; bheadh coinne aige go nglacfaí leis de bhreis mhór guthanna, ach, pé aca go nglacfaí leis nó ná glacfaí, d'impigh sé ar an Éadaitheoir é thairgsint go dána agus an scéal annsan d'fhágaint fé Dhia.

D'aontuigh an tÉadaitheoir liom; bhain an chuid eile searradh as a nguailne, d'imigheadar agus scaip an chómhairle. Do ghaibh an tÉadaitheoir agus Mr. Hutton ar fuaid na páirce, gach n-aon ag baint an mhisnigh díobh, ach níorbh aon mhaith bheith leo. Iad araon cinnte gur ionann lagghníomh nó bheith 'cheal aon ghnímh, agus a n-aigne socair aca dul ar iontaoibh an scéil pé olc, maith a thiocfadh. Duine breágh toilbhríomhar an tÉadaitheoir. Ní abrann Mr. Hutton aon ní i dtaobh fuinneamh, spioraid agus cinnteacht a mheoin féin, go mórmór chun aon eidirmheas a dhéanamh idir é agus an cháiréis agus an *mheasardhacht* atá i ndream Lios na gCearrbhach, agus an bladhmann atá san gCionnaoidheach. Measardhacht—díth céille.

Do máirseáladh isteach fé'n mbaile ar a trí. Do bhuail Haslitt agus Mac Néighill liom; bhaineamar an focal "Catoiliceach" amach agus chuireamar 'na ionad "Éireannach" de'n uile cinéal creidimh. Móirshiubhal. Cruinniú i Halla an Lín, brúghadh iongantach daoine ann. Do thairg an tÉadaitheoir an cheist. Ní raibh an diospóireacht cúig nóimeataí ar siubhal nuair a bhíos cinnte go mbeadh linn go fairsing, agus go raibh dearmhad ar fad ar dhream Lios na gCearrbhach agus ar lucht ár gcómhairlithe san bpáirc. Táim níos cinnte ná bhíos riamh ná fuil 'na gcuid *measardhachta* ach díth céille agus brilléis. *Do glacadh leis an gceist* agus gan 'na coinnibh ach tuairim cúigir; an Seoigheach agus Waddel Ó Cuinneagáin ortha san. Bréigriocht é ar fad. Do rithfimís aon tsaghas. Tá an gnó anois i ndálaibh a shocraithe i mBéal Feirste agus 'na chómharsanacht. Husá! Husá! Dinnéar ag an *Donegal Arms.* Gach duine chómh suairc le rí ach Waddel, agus cuma an diabhail féin air sin. Husá! Rath ó Dhia ar gach n-aon! Stanaslás Agustus, Seoirse Washington: *Beau jour.* Cia shílfeadh ar maidin é? Husá! Ar meisce i gcoitchinne. Do bhriseas mo ghloine 'ghá chnagadh ar an mbórd. Do chuas abhaile, ach a fhios do Dia conus nó cathain. Husá! Beannacht Dé arís ar chách i gcoitchinne. Chun leabthan tar éis na trí gártha buaidhe ar chnoc a thabhairt. Suan fé dheireadh.

An 15*adh lá, Dia Domhnaigh*.—D'éirigheas agus d'itheas bricfeast fara'n bhFimineach agus an Coimeádaidhe ; glionndar buile ortha araon tar éis gnóthaí an lae indé. Tar éis bricfeasta dheineas dreas fada siubhlóide i dteannta Ghog. Adeir sé liom go bhfuil an Loingseach ag réabadh an tseanscéil aníos arís i dtaobh m'fhostaithe-se agus gur dóigh leis go mb'fhearrde an scéal é ná beadh baint ag Protastúnach le n-a ngnóthaí. *Nach críonna san !* Dar le Gog is é Mac Cionnaoidh, go bhfuil fuath diabhail aige féin do, fé ndeara an rud san go léir. Ní dóichighe rud eile, ach *is cuma liom-sa* (féach *Tommy and Harry* san Spelling Book). D'innis sé dhom, leis, mar gheall ar bheart aisteach a dhein an Triobúnach agus Mac Cionnaoidh indé d'iarraidh é féin agus na Catoilicigh a mheall-adh chun a rádh nár mhéin leo go dtairgeochaí a gcúrsaí féin anuas ar bhaoghal go mbrisfaí cómhaontas an chruinnithe, nó cainnt éigin de'n tsaghas, rud a dhiúltuigh sé féin agus na Caotilicigh go láincheart a dhéanamh ; agus dubhradar ná féadfaidís deachtú d'aon dream fear, ach gurbh é ba mhian leo ná go ndéanfaí a gceis féin a phléidhe go comhthrom, agus dá dtéigheadh 'na gcoinne, dhul. B'in é díreach tuairim Mhr. Hutton do láthair na cómhairle cogaidh, agus sin deimhniú eile arís ar an spioraid, an dílmhacánt-acht, agus an tuigsint mhór atá san duine fíorghalánta úd. Deineann Gog dícheall mór chun aigne Mr. Hutton a chlaonadh i n-aghaidh Mhic Cionnaoidh, agus gur neamhghábhadh dho san, mar is léir do Mhr. Hutton tréithe gach duine aca cheana, agus ní mór go gcreidfeadh sé cad déarfadh aoinne aca i dtaobh an duine eile, gan fianaise d'á réir. Éad ag Gog le gach n-aon, fiú le Magog. D'fhágas im dhiaidh é agus chuas go Liliput chun dinnéir i dteannta an Éadaitheora. Cúrsaí banncaeireachta an cómhrádh go léir. Cluiche dalladh phúicín um thráthnóna. Do bhriseas mo ghlúin i n-aghaidh cathaoireach mar dhéanfadh breillice. Do báthadh fé'n bhfearthainn mé ag teacht abhaile ar a haon a chlog ar maidin, mar is gnáthach. Is breágh na bearta iad so. Do bhí an Coimeád-aidhe ar an gcuideachtain. Chun leabthan.

An 16*adh lá*.—Mé d'éirghe agus a dhul chun bricfeasta i dteannta Will Simms ag an nGrove ; na Catoilicigh go léir ó Bhaile Átha Cliath ann. Cómhairle cogaidh san ngáirdín. Do léirigh Gog an tslí bhí beartaithe aige chun dream na gCatoiliceach a ghríosadh. Do bhain Mr. Hutton feidhm as an gcaoi chun a thathant ortha seift a cheap P.P. roinnt míos ó shin chun gríosadh a dhéanamh ar an gcuma gcéadna ar dhream na nDí-aontach. Do ghéilleadar go léir

dá bhféadthaí an méid sin a dhéanamh go mbeadh an gnó déanta. Ceist, conus ? Tá an Simmsach cinnte go bhfuil an chuid mhór de lucht an mhachtnaimh ar feadh an Tuaiscirt ar ár dtaobh ; deir sé, ámh, má ionnsuigheann an Rialtas Coiste na gCatoiliceach fé'n ngléas nua *laistigh de dhá mhí*, ná beidh an Tuaisceart *ullamh chun cabhraithe leo*. Do chuir Mr. Hutton i n-úil ná rabhamar ullamh chun aon ní d'iarraidh ar aoinne fós ach a ndeighmhéin, agus d'fhiafruigh de'n Simmsach, atá 'na Shúdaire dáiríribh agus go mbaistfear mar sin feasta é, cad é a thuairim ar Iúl a 14 so chugainn. Do chuir an Súdaire gotha críonna fáithchiallda air féin. Do bheir Gog, Mr. Hutton agus é féin adhradh d'á chéile, *cheangluigheadar connradh fé shighniú 'na gcuid fola féin, dheineadar deismireacht lámh fé thrí go haobhchruthach* (féach "Citizen of the World" le Goldsmith) agus do gluaisigheadh chun an bhaile mhóir. Hó! *ach is taithneamhach go deimhin na créatúirí iad.*

Ar mo mhaoile-mháige go ham dinnéir. Do chuas go dtí an *Donegal Arms* agus casadh na Catoilicigh go léir orm. Tháinig Mac Cionnaoidh isteach, d'admhuigh gur dhíol cáinte a iomchur féin le linn na cómhairle cogaidh ar an 4adh lá déag, agus gurbh aithreach leis é, 7rl. É 'na ghuagaire thar fóir. Do dhein Mr. Hutton faill de sin chun a chur i n-úil na fátha thug air féin an cómhrádh a thárlaidh san bpáirc d'innsint, agus d'iarr ar Mhr. Lube a rádh an ndearnaidh sé beart go comhthrom agus go hónórach ? Do thraosluigh Mr. Lube do agus dubhairt Mac Cionnaoidh go bhfuil sé go cinnte deimhnitheach ná féadfadh Mr. Hutton a atharrach a dhéanamh. Dá ghiorracht an cáirde 'seadh is sia an caradas. Gach ní 'na cheart

Gog agus Hutton do dhul síos an staighre chun bualadh le dream áirithe fear ó Bhéal Feirste. Do hinnseadh an tseift nua gríosaithe dhóibh. Moladh mór ag dream Bhéal Feirste air. Tháinig sluagh isteach agus cuireadh deireadh leis an gcómhrádh.

Dinnéar, Mac a' tSaoir san gcathaoir. Eidirmheascadh i gceann an bhúird, Dí-aontach agus Catoiliceach. Is deas san ! Na cheithre brataigh ann, America, an Fhrainnc, an Pholainn, Éire ; *gan aon tSasana*. Goirm iad ! *Beau-jour* ! Mé féin agus an tÉadaitheoir suidhte ag íochtar an bhúird. Sinn ag cainnt i dtaobh Mhic Cionnaoidh atá ag cur de go haisteach. Nuair adubhairt sé le linn na cómhairle cogaidh gur cheap sé féin, mar le Catoiliceach, ná beadh maith ar bith i bhforógradh muna raibh Béal Feirste ullamh chun iarracht éigin ní ba bhríomhaire a dhéanamh 'na dhiaidh, is é a

tuigeadh do'n Éadaitheoir gur gníomhartha fóirnirt a bhí i gceist aige. D'fhógair an tÉadaitheoir air gan coinne bheith aige le cabhair d'fhagháil láithreach ó'n Tuaisceart, ach dubhairt sé ar an am gcéadna go raibh an chúis ag gluaiseacht go luath chun cinn agus nárbh fholáir nó go n-éireochadh léi. Annsan nuair a bhí Mac Cionnaoidh ag argóint leis na Catoilicigh, d'iarraidh go n-abróchaidís nár mhian leo aon cheataighe a dhéanamh de'n scéal le n-a n-éileamh féin, thug sé mar chúis dóibh go ndubhairt an tÉadaitheoir leis ar an bpáirc gan aon choinne bheith le haon chabhair ó'n dTuaisceart. Do bhain an méid sin an fuadar ar fad díobh toisc gurbh eol dóibh an meon chun cinnteachta a bhí san Éadaitheoir. D'á réir sin, de dheallramh, pé aca de bharr a chuid breastaidheachta é, nó rud ba mheasa ná san, thug sé ar an Éadaitheoir tuairim a thabhairt, *agus coingheall ag gabháil leis*, agus annsan gur luaidh sé an tuairim sin gan tagairt do'n choingheall ; agus leis sin ní mór ná gur chuir sé mímhisneach ar mheanmain an dá dhream, rud ba thrúig drochoibre, b'fhéidir. Is ait liom san uile. Thug Mr. Hutton brí an scéil go léir do'n Éadaitheoir agus thug fios scéil do ar chlú cheart an Chionnaoidhigh. Áthas an-mhór ar an Éadaitheoir gur baineadh an púicín de, mar go ndeaghaidh a chuid cainnte siúd i bhfeidhm air de bhrí gur cheap sé dhe gur dhuine le húdarás ameasc a dhreama féin é. Husá! tuilleadh sláintí d'á ól. Trí gártha buaidhe. Rath Dia ar gach n-aon. Anáirde staighre liom chun na gCatoiliceach. D'innseas dóibh i dtaobh mo chómráidh leis an Éadaitheoir, rud a thug léirthuigsint dóibh i dtaobh an ní a dhein stalcadh dhíobh: a rádh leo gan coinne bheith aca le haon chongnamh ó Bhéal Feirste. Tháinig Mac Néighill isteach agus thugamar go léir mionn dílse d'á chéile. Tugadh a dhíol imdheargtha ar Mhac Cionnaoidh ó chách. Abhaile chun leabthan. É beartaithe agam gluaiseacht amáireach d'fhéachaint Ph.P. Do thuit mo chodladh orm ag cuimhneamh ar an turas. An Coimeádaidhe imithe go hAlbain.

An 17adh lá.—Do mhúscail Mac Néighill mé go bhfeicinn Gog agus Catoilicigh eile sula n-imighidís leo. Chuas do'n tigh ósta. A lán tráchta againn i dtaobh Buachaillí an Amhscarnaigh agus na gCosantóirí. Do moladh mo leitir-se bhí san *Northern Star*. Do mhol Mac Néighill go ngeobhadh na Catoilicigh bóthar Rátha Foircheallháin, mar a bhfuil an chíréib ar siubhal, agus bualadh le cuid d'uaisle an cheanntair, d'fhéachaint an féidir aon ní a dhéanamh do tharraingeochadh síothcháin arís ann. Má théighid siúd dubh-

dá bhféadthaí an méid sin a dhéanamh go mbeadh an gnó déanta. Ceist, conus? Tá an Simmsach cinnte go bhfuil an chuid mhór de lucht an mhachtnaimh ar feadh an Tuaiscirt ar ár dtaobh; deir sé, ámh, má ionnsuigheann an Rialtas Coiste na gCatoiliceach fé'n ngléas nua *laistigh de dhá mhí*, ná beidh an Tuaisceart *ullamh chun cabhraithe leo*. Do chuir Mr. Hutton i n-úil ná rabhamar ullamh chun aon ní d'iarraidh ar aoinne fós ach a ndeighmhéin, agus d'fhiafruigh de'n Simmsach, atá 'na Shúdaire dáiríribh agus go mbaistfear mar sin feasta é, cad é a thuairim ar Iúl a 14 so chugainn. Do chuir an Súdaire gotha críonna fáithchiallda air féin. Do bheir Gog, Mr. Hutton agus é féin adhradh d'á chéile, *cheangluigheadar connradh fé shighniú 'na gcuid fola féin, dheineadar deismireacht lámh fé thrí go haobhchruthach* (féach "Citizen of the World" le Goldsmith) agus do gluaisigheadh chun an bhaile mhóir. Hó! *ach is taithneamhach go deimhin na créatúirí iad.*

Ar mo mhaoile-mháige go ham dinnéir. Do chuas go dtí an *Donegal Arms* agus casadh na Catoilicigh go léir orm. Tháinig Mac Cionnaoidh isteach, d'admhuigh gur dhíol cáinte a iomchur féin le linn na cómhairle cogaidh ar an 4adh lá déag, agus gurbh aithreach leis é, 7rl. É 'na ghuagaire thar fóir. Do dhein Mr. Hutton faill de sin chun a chur i n-úil na fátha thug air féin an cómhrádh a thárlaidh san bpáirc d'innsint, agus d'iarr ar Mhr. Lube a rádh an ndearnaidh sé beart go comhthrom agus go hónórach? Do thraosluigh Mr. Lube do agus dubhairt Mac Cionnaoidh go bhfuil sé go cinnte deimhnitheach ná féadfadh Mr. Hutton a atharrach a dhéanamh. Dá ghiorracht an cáirde 'seadh is sia an caradas. Gach ní 'na cheart

Gog agus Hutton do dhul síos an staighre chun bualadh le dream áirithe fear ó Bhéal Feirste. Do hinnseadh an tseift nua gríosaithe dhóibh. Moladh mór ag dream Bhéal Feirste air. Tháinig sluagh isteach agus cuireadh deireadh leis an gcómhrádh.

Dinnéar, Mac a' tSaoir san gcathaoir. Eidirmheascadh i gceann an bhúird, Dí-aontach agus Catoiliceach. Is deas san! Na cheithre brataigh ann, America, an Fhrainnc, an Pholainn, Éire; *gan aon tSasana*. Goirm iad! *Beau-jour*! Mé féin agus an tÉadaitheoir suidhte ag íochtar an bhúird. Sinn ag cainnt i dtaobh Mhic Cionnaoidh atá ag cur de go haisteach. Nuair adubhairt sé le linn na cómhairle cogaidh gur cheap sé féin, mar le Catoiliceach, ná beadh maith ar bith i bhforógradh muna raibh Béal Feirste ullamh chun iarracht éigin ní ba bhríomhaire a dhéanamh 'na dhiaidh, is é a

tuigeadh do'n Éadaitheoir gur gníomhartha fóirnirt a bhí i gceist aige. D'fhógair an tÉadaitheoir air gan coinne bheith aige le cabhair d'fhagháil láithreach ó'n Tuaisceart, ach dubhairt sé ar an am gcéadna go raibh an chúis ag gluaiseacht go luath chun cinn agus nárbh fholáir nó go n-éireochadh léi. Annsan nuair a bhí Mac Cionnaoidh ag argóint leis na Catoilicigh, d'iarraidh go n-abróchaidís nár mhian leo aon cheataighe a dhéanamh de'n scéal le n-a n-éileamh féin, thug sé mar chúis dóibh go ndubhairt an tÉadaitheoir leis ar an bpáirc gan aon choinne bheith le haon chabhair ó'n dTuaisceart. Do bhain an méid sin an fuadar ar fad díobh toisc gurbh eol dóibh an meon chun cinnteachta a bhí san Éadaitheoir. D'á réir sin, de dheallramh, pé aca de bharr a chuid breastaidheachta é, nó rud ba mheasa ná san, thug sé ar an Éadaitheoir tuairim a thabhairt, *agus coingheall ag gabháil leis*, agus annsan gur luaidh sé an tuairim sin gan tagairt do'n choingheall ; agus leis sin ní mór ná gur chuir sé mímhisneach ar mheanmain an dá dhream, rud ba thrúig drochoibre, b'fhéidir. Is ait liom san uile. Thug Mr. Hutton brí an scéil go léir do'n Éadaitheoir agus thug fios scéil do ar chlú cheart an Chionnaoidhigh. Áthas an-mhór ar an Éadaitheoir gur baineadh an púicín de, mar go ndeaghaidh a chuid cainnte siúd i bhfeidhm air de bhrí gur cheap sé dhe gur dhuine le húdarás ameasc a dhreama féin é. Husá! tuilleadh sláintí d'á ól. Trí gártha buaidhe. Rath Dia ar gach n-aon. Anáirde staighre liom chun na gCatoiliceach. D'innseas dóibh i dtaobh mo chómráidh leis an Éadaitheoir, rud a thug léirthuigsint dóibh i dtaobh an ní a dhein stalcadh dhíobh : a rádh leo gan coinne bheith aca le haon chongnamh ó Bhéal Feirste. Tháinig Mac Néighill isteach agus thugamar go léir mionn dílse d'á chéile. Tugadh a dhíol imdheargtha ar Mhac Cionnaoidh ó chách. Abhaile chun leabthan. É beartaithe agam gluaiseacht amáireach d'fhéachaint Ph.P. Do thuit mo chodladh orm ag cuimhneamh ar an turas. An Coimeádaidhe imithe go hAlbain.

An 17adh lá.—Do mhúscail Mac Néighill mé go bhfeicinn Gog agus Catoilicigh eile sula n-imighidís leo. Chuas do'n tigh ósta. A lán tráchta againn i dtaobh Buachaillí an Amhscarnaigh agus na gCosantóirí. Do moladh mo leitir-se bhí san *Northern Star*. Do mhol Mac Néighill go ngeobhadh na Catoilicigh bóthar Rátha Foirchealláin, mar a bhfuil an chíréib ar siubhal, agus bualadh le cuid d'uaisle an cheanntair, d'fhéachaint an féidir aon ní a dhéanamh do tharraingeochadh síothcháin arís ann. Má théighid siúd dubh-

airt sé go raghaidh sé féin ann, agus d'iarr gach dream orm-sa dul, leis, ann. Mo chroidhe istigh ciapaithe toisc an fán fada bheith curtha ar mo thuras go Dún Geanainn. Maisle air—báthadh air—leaghadh Dia air—caithfead dul—níl leigheas ar bith air. P.P. bocht! Seadh, "*'Tis but in vain for soldiers to complain.*" Do gheallas go ngluaiseochainn go dtí Ráth Foircheallláin i gcionn leathuair a chluig.

Tá súil agam go dtiocfaidh maitheas éigin de bharr ár dturais, mar ná fuil rud is tábhachtaighe dhúinn-ne ar láthair na huaire ná go gcuirfaí rudaí chun suaimhnis arís. Tá an dóchas san mar shólás dom aigne agam i ndíol na díombáidhe tá orm toisc ná feicfead P.P. ach mar sin féin táim diail míoshásta. Ní mó ná leathshásta bhíos ag gluaiseacht fara Mac Néighill agus a mhnaoi. Stad dúinn i gCroimghlinn agus té d'ól dúinn ag tigh duine dárab ainm Mr. Henderson, cómhrádh le n-a mhac, údar *Colin Mountain* atá ins na hirisibh. Ghluaisigheamar agus shroicheamar go tigh Mhr. Ó Labhradha éigin, i n-aice Rátha Foircheallláin, ar a deich a chlog. Fáilte deighbhéasach agus féile dhúinn. Suipéar. Áirneán go tráth mhíomhairbh mar is gnáthach. Chun leabthan ar leathuair tar éis a haon. Och! Och!

An 18adh lá.—D'éirigheas agus siúd liom fara Mac Néighill agus an Labhradhach óg go Ráth Foircheallláin. I gcionn uair a chluig nó mar sin tháinig na Catoilicigh ann ó Dhún Pádraig. Casadh orm Mr. Mac Taidhg, an Parson; Sam Barber, Ministir na nDí-aontach; Mr. Ó Doighre, an Sagart, agus tuairim ocht nduine déag d'uaisle an cheanntair. Do bhí cách d'aontuairim gurbh iad na Protastúnaigh a chuir tús leis an easaontas. Do marbhuigheadh cuid ar gach taobh. Táthar go mór míoshásta leis na Catoilicigh toisc bheith ag máirseáil ar fuaid na háite i n-eagar mileata, agus ag scaoileadh piléar go míothráthúil. Is dearbh ná fuil an ceart ag na Catoilicigh san méid sin, agus caithfar iad a chosc, má's féidir. Is dóigh le hurmhór daoine dá ndeintaí é sin go raghadh an bhuairt chun suaimhnis go luath. Is dóigh le roinnt de lucht fala creidimh gur ceart a gcuid arm a bhaint de na Catoilicigh. Nár leigidh Dia san! agus, d'á éaghmais sin, ní féidir rud d'á leithéid a dhéanamh.

Giúistís do láthair; steall Captaen dárbh ainm Ó Ruadháin dhá fhámaire éithigh uaidh. An chéad rud, gur cuireadh fios fé bhrághaid na gCoimisinéirí Máil go bhfuil coinne le hárthach fé last arm i gcuan lastall de Bheanna Boirche, agus frigéad Franncach 'ghá tionnlacan, agus gur i gcómhair na gCatoiliceach na hairm sin.

Agus fós gur cuireadh órdaithe go dtí gach calaphort san ríocht chun aon airm a tabharfaí i dtír a ghabháil agus a chongbháil nó go bhfaghaidís órdaithe eile 'na dtaobh. Do labhair Mr. Hutton tré racht feirge. Maidir leis na Franncaigh a chur last luinge d'airm anall, go raibh 'fhios ag an saoghal go rabhadar féin le linn na huaire sin i ngalar na gcás 'cheal arm agus go rabhadar ag tabhairt breith a béil féin do Shasana ortha. Maidir leis an scéal eile, na hórdaithe a bheith curtha go dtí na calaphuirt, bhí an-dheallramh aige le cleas a dhéanfadh an Rialtas míochlú so againne-ne, go bhfuil drochcháil bhréagach agus éitheach d'á fhoirleathadh aca, d'fhonn lucht an dá chreideamh a chur i n-earraid le 'chéile, ionnus go bhféadfaidís an dá dhream a chreachadh gan duadh, gan baoghal. Do bhí an giúistís i bhfeirg agus an Parson Mac Taidhg chómh maith, deartháir d'Eadbhard Mac Taidhg, an Hack.

D'athruigh Mr. Hutton an chainnt thar n-ais chun leanúint de ghnó an chruinnithe. Do mhol sé na Catoilicigh a bheith sásta éirghe as bheith ag gluaiseacht 'na mbuidhne agus ag scaoileadh piléar, agus na Dí-aontaigh d'fhógairt an tsíothcháin a chosaint san dúthaigh i n-aghaidh lucht a hionnsaithe, *gan báidh ar bith le lucht aon dreama nó creidimh*. Do mhol Mac Néighill mar leasú air sin gurab iad na hÓglaigh d'fhógróchadh san. Do glacadh d'aon-aitheasc leis an méid sin, agus an triúr oifigeach a bhí do láthair, an Captaen Ó Labhradha, an Captaen Mac Eoghain agus an Captaen Barber, thugadar tacaidheacht uatha thar cionn a gcomplacht féin fá seach. Do gearánadh go géar sagart calóideach dárbh ainm Mac Síomoin, agus thug na Catoilicigh tacaidheacht uatha go n-ais-treochaí é. Tá sé beartaithe aca, leis, go léighfar leitir ó n-a nEaspog féin, agus imleitir ó'n gcoiste ag moladh síothchána agus deighréir.

Do bhí cách ann sásta le n-a chéile ach an Giúistís go bhfuil cuma ghruamdha air. Do deineadh ceistiú air le deich lá ag an gCaisleán i dtaobh na gcíréibí : is dócha go raibh sé chómh bréagach leis an ndiabhal buidhe. Is mór atá milleán tuillte ag Iarla Annesley san ngnó so. Níl giúistís i ngoireacht seacht míle de Ráth Foirchealláin. Na Catoilicigh i gcómhnaidhe ullamh chun síothcháin a dhéanamh agus leanúint di. Is iad a naimhde de shíor a thosnuigheann an troid, do réir gach n-aon do bhí do láthair. Tar éis gach rud a bhreithniú ní fhéadaim fios d'fhagháil go ndeinid siad aon rud is measa ná teacht le 'chéile i mbuidhne móra agus púdar d'á lasadh aca ; aimideach go leor ach ní hurchóideach. Ní réabaid siad aon

tighthe ná ní thosnuighid siad aon chlampar. Na Protastúnaigh scannraithe go mór, ámh, ag na cruinnithe sin agus caithfear deireadh a chur leo, má's féidir. Ní mór ná go bhfuil a gcómhacht ar fad caillte ag an gcléir Chatoilicigh ó fuair na daoine na hairm, tá an ruaine is lugha de'n tsaoirse 'na thrúig chómh marbhaitheach san do'n uile phisreogachas agus saoghaltacht sagart.

Tugadh buidheachas an chruinnithe do na Catoilicigh agus do Mhr. Hutton ar son a ndúthracht agus teacht ann ar an ócáid sin. Do mhachtnuigh Mr. Hutton ar thabhairt fé thuras go Dún Geanainn. Do thuig sé, ar bhreithniú an scéil do, gur mhaith an dóigh go mbeadh P.P. i mBéal Feirste timcheall an trátha céadna go sroichfeadh sé féin annsúd. Spuaic air ag éirghe as an scéal agus do ghluais leis i dteannta na gCatoiliceach go hIubhar Cinntrágha ar an mbóthar go Baile Átha Cliath. Thug Gog easpog chun creidimh i nIubhar Cinntrágha, agus easpog eile i nDún Pádraig. Do sroicheadh Dún Dealgan. Gog go baothuallach thar fóir agus é d'iarraidh molta agus traoslaithe agus gur gann a thug Mr. Hutton san ar dtúis do. Thug Gog annsan greas molta ar Mhr. Hutton, rud a thug bogadh ar an duine sin, i dtreo gur íoc sé an cómhar go fial leis. Ní raibh aon rud ró ainspianta dho. Cuid mhór fíona. Chun leabthan, mar ba ghnáthach, idir a haon agus a dó. Dona ! dona ! dona !

An 19adh lá.—Do ghluaisigheas go moch agus chuireas dhá mhíle déag díom ar muin seanghearáin bhacaigh ; go breágh galánta. Thána go Droichead Átha díreach agus carráiste Iubhar Cinntrágha ag gluaiseacht go Baile Átha Cliath. D'fhágas Gog im dhiaidh ag tabhairt Easpoig eile chun creidimh (Príomhaidh na gCatoiliceach) agus siúd liom san gcarráiste ; níor bhain eachtra dhom ; shroicheas an chathair ar a sé a chlog tráthnóna. *Hic finis longæ chartæque, viæque.—Hor.*

Addenda.—Do dhein Mr. Hutton tathant go minic ar a cháirde, na hIacoibínigh chun iarracht a thabhairt ar a gcuid cumann a leathnú ar fuaid an Tuaiscirt. Molann an tÉadaitheoir an beartúchán go hárd, Haslitt mar an gcéadna, an Súdaire, chómh maith, agus a dheartháir. Thug an Sclábhaidhe Éireannach a leabhar go gcromfaidh sé ar a chuid gnótha féin láithreach, mar tá ár ndóthain cainnte ráidhte agus is mithid gníomh a dhéanamh. Tá Mr. Hutton chun leitir mhíolabhartha a chur chun Seon Foster do'n sclábhaidhe céadna.

N.B.—An cóimhthionól ar an 14adh lá an-chosúil le cruinnithe na nGearmánach san tseanaimsir. Na daoine ar fad suidhte, agus

na gaiscidhigh armtha i bhfuirm fáinne 'na seasamh timcheall. Ba bhreágh feilimeanta an "bíodh" adubhairt an cóimhthionól d'aonaitheasc ag glacadh dhóibh leis an dileagra. Mr. Hutton corraithe ionnus go dtáinig deora 'na shúilibh; ba shobhádhach suaithnidh sin.

BAILE ÁTHA CLIATH, *Iúl* 21.—Do chuas ag marcaigheacht i dteannta Ghog go dtí Grattan, scéalta d'á n-innsint dom ar feadh na slí i dtaobh an Bhúrcaigh, duine go bhfuil an ghráin dhearg ag Gog air. Camastghail ar siubhal gan amhras ag an mBúrcach leis na Catoilicigh, pé aca chun tuilleadh airgid a tharrang é nó chun a ghradam féin a mhéadú i Sasana i dtuairim an Aire ann. Fuair sé dhá mhíle giní de bharr a theacht annso an geimhreadh seo caithte; féile gan éifeacht é sin ag na Catoilicigh, mar tharraing súd achrann idir iad agus gach duine. Teastuigheann uaidh anois teacht anall annso, áit nach féidir do aon mhaith a dhéanamh, agus Sasana d'fhágaint; agus, dála an scéil, is róbheag an mhaith annsúd é ach an oiread. Dailtín cruthanta.

Do shroicheamar tigh Ghrattan agus thugas tuairisc do a chúrsaí Thuaidh agus Theas agus do thaithnigh leis. Thráchtama ar an ngeimhreadh seo chugainn. Is é a thuairim go dtiubhraidh an Rialtas fobha fé sna Catoilicigh maille le n-a gcathaoirleach a ghabháil. Is é tuairim Mhr. Hutton má deintar amhlaidh gur ceart do'n tionól go léir éirghe agus dul 'na theannta. Molann Grattan é scaoileadh leo agus cathaoirleach eile a thoghadh láithreach. Má ghníonn an Dáil cainnt mhór deineadh an tÁrdchoiste aithris ortha, agus má bhíd siad daingean géillfidh an Dáil: mar is ó na daoine ceann aca ó bhunadh, agus ní headh an ceann eile.

D'iarr Mr. Hutton go gcuirfaí coiste fiafraithe ar bun an seisiún so chugainn chun aiste an Tuaiscirt a bhreithniú agus fátha gach círéibe annsúd a nochtadh. Is dóigh le Grattan gur olc a thiocfadh de, mar, ó ba dheimhin go mbeadh an coiste fé chómhacht an Chaisleáin, go ndéanfaidís an fhírinne a lúbadh agus a chiorrbhadh, agus go mbainfidís brí as an scéal ná beadh do réir eolais an lúbtha chiorrbhaithe sin féin. Dubhairt Mr. Hutton gur docht an scéal é sin, agus admhuigh Grattan féin é; ach adubhairt gur follusach an fáth atá leis, sé sin *ná fuil Pairliméid ar bith i nÉirinn againn.* Gotha feirge ar Ghrattan. Do léigh Mr. Hutton dó an dileagra a bhí ceapaithe i gcómhair na gCosantóirí agus mhol Grattan roinnt athraithe le déanamh ann, ach mhol sé go mór é i gcoitchinne. Do cheileabhras do agus d'imigheas tar éis a gheallúint ar

dtúis dó go gcaithfinn dinnéar i dTigh na hInse, Dia Sathairn seo chugainn.

An 22adh lá.—Do chuas ar chruinniú de'n Fhochoiste; léigheas an dileagra, glacadh leis ach fo-alt a chur ann d'á dheimhniú go mbeidh cosaint le fagháil ó'n Árdchoiste do gach Catoiliceach deighiomchuir. Measaim gur buille sáirchliste é sin, mar tugann sé greim chómh daingean san ar na *bas peuple*, dream go bhfuil breis agus trí milliún díobh san tír.

Do casadh Gog orm um thráthnóna agus díol aon duine de thrioblóidí air féin. Súil aige leis an mBúrcach a theacht anall go Corcaigh aon lá d'aindeoin a bhfuil déanta chun é a chosc. Tá an Búrcach ag leigean air gur ar ghnó phríobháideach atá té. *Gnó príobháideach mar 'dheadh!* Racht feirge ar Ghog; é ceapaithe ar súd a shárú gach cor, agus é chur fé dhímheas ag na Catoilicigh, rud atá tuillte thar barr aige tré mhíbhéas a chuid iomchuir le linn do bheith 'na thaidhleoir aca i Sasana nuair nár chuir sé oiread agus focal amháin eolais chuca, 'aindeoin go rabhthas 'ghá shíriarraidh air é sin a dhéanamh, agus farais sin bheith ag teacht anois (má thagann) i n-aghaidh tola gach aon duine. Is é an Búrcach an dailtín is drochmhúinte, *opiniatre*, dá raibh riamh ar mh'aithne. Teastuigheann ó Ghog go gceapfaí Robin rothach d'á iarraidh ná tiubharthaí cuireadh féile dho. Dar liom má thagann go bhfaghaidh sé an bhróg. An dhá mhíle eile giní atá uaidh?

An 23adh lá.—Scríobhas X.Y. do'n *Northern Star*; 'na theannta san imleitir ó'n Árdchoiste, mar fhreagradh ar leitreacha thagadh le friothtuairiscí, d'á mholadh go bhfanfadh na toghadóirí paróiste go buan ann mar ghléas cóimhcheangail, agus go gcuirfaí coistí coimhfhreagarthais ar bun ar feadh gach conntae go mbeadh ar a luighead duine amháin thar ceann gach barúntachta air. Scríobhas, leis, dréacht leitre le cur go dtí an Colonel de Barra i dtaobh an aiste 'na bhfuil an tír seo fé láthair.

Dinnéar i dteannta Thom Bhraghall agus Ghog. Do léigheas leitir fhada tóirtéisiúil ó'n mBúrcach lán de ráiméis i dtaobh Réabhlóid na Frainnce, rud atá éirithe 'na cheann aige chómh mór agus bhí ag a athair. Is é brí an scéil ná faghaidh na Catoilicigh aon chabhair ó'n Rialtas i Sasana (a bhí, de dheallramh, fé cheannsmách bhagartha an Rialtais annso) le linn an chéad iarratais eile a chuirfidís i láthair na Pairliméide; caithfid siad, d'á bhrí sin, dul ar ionchaibh a nirt féin. Tá sé go ríshoiléir muna ndeinidh Sasana gníomh conganta ar mhaithe leo ná déanfaidh sí aon ní 'na

gcoinnibh ; agus, mar sin, tá sé ar na Catoilicigh agus ar na cinnsealaithe Protastúnacha bheith ag fearadh an chatha go deireadh na scríbe eatartha, *propriis aribus* (*à la bonne heure*). Is cosúil go bhfuil an Rialtas annso tar éis dul chómh dian agus a bhagairt go gcoiscfid siad na billí ceannairce, agus soláthar an airgid, muna bhfágtar fútha féin ar leithileith riar a dhéanamh ar ghnóthaí na gCatoiliceach. Cad é an toradh bheidh air seo go léir.

An 24adh lá.—Ag an gcoiste, do léigheas leitir an Bhúrcaigh arís agus do hórduigheadh dom freagradh a cheapadh dhi, agus leitir eile go dtí an tOnórach, Mr. de Brún. Thugas an dileagra i gcómhair na gCosantóirí d'Ó Broin, agus órdú míle cóib a chló-bhualadh ar leathanpháipéar. Dinnéar i dteannta Warren ; sa bhaile go luath. Do scríobhas an leitir chun an Bhúrcaigh ag tiomáint cead agus ceileabhradh leis, 'ghá cheisneamh, nuair a bheartuigh an Rialtas i Sasana go bhfanfaidís go daingean ar neodras, nár fhág san maith ar bith ann bheith ag cur aon iarratais eile 'na láthair, agus, dar ndóigh, gur fhág san na Catoilicigh i n-éaghmais mór-chongnaimh a shárthallann féin ; ach go mb'fhéidir, amach annso go ndéanfaí é fhostadh arís ar ócáid éigin cruadhtain. Gach rud ní ba lághaiche agus ní b'éideimhnighe ná a chéile ; níor leitir le cáineadh í. Conus a thaithneochaidh sí leis na Catoilicigh. Do scríobhas, leis, chuig Mr. de Brún. Do chaitheas tráthnóna an-shuairc san mbaile. Do ghlac an tÁrdchoiste indiu d'aon ghuth lem fhostadh-sa im Rúnaidhe do'n Fhochoiste nó go gcuirtar an Phairliméid ar athló, ar thuarastal £200 thar cionn na tréimhse sin.

An 25adh lá.—Cruinniú de'n Fhochoiste. Léigheadh an leitir do'n Bhúrcach agus do lochtuigh Mr. Mac Gearailt í thoisc í bheith mó is neamhmaitheach mar le fógradh díofhostaidh. Cuid mhór cainnte fá'n scéal agus deineadh leasú ar an leitir. Urmhór an choiste go meathta. Gog go daingean ach do sáruigheadh é. Do glacadh leis an leitir go dtí Mr. de Brún. Dinnéar i dtigh Warren agus chuireas aithne ar Archdekin. An tráthnóna go suairc againn.

An 26adh lá.—Ar marcaigheacht dom go tigh an Ghrattanaigh, agus chaitheas dinnéar ann fara Gog agus Hardy. Fírbheagán nua ach an seanscéal d'á shuathadh arís againn. Ag tagairt do'n Árdbharún de Burgh*, ná maireann, d'innis an Grattanach dúinn go dtug sé oiread san taithnimh do neoiníní ar thaobh na slí, le linn bheith ar máirseáil do, gur staith sé iad agus go ndearnaidh bláith-fhleasc díobh gur chuir 'na thimcheall é agus go ndeaghaidh san

* Walter Hussey Burgh.

riocht san ar pháirc an chatha, leath 'na ghaiscidheach agus leath 'na dhamhsaidhe opera. Nár dheas san. Óganach breágh an Captaen Mac Gearailt, dearthár céile an Ghrattanaigh. Mórchuid fíona. Do chongaibh an Grattanach chun suipéir sinn.

An 27adh lá.—Bricfeast taithneamhach. D'innseas do'n Ghrattanach i dtaobh an Diggeasaigh. Ba mhian leis an nGrattanach aithne a chur air. Do gheallas leitir an Diggeasaigh i dtaobh tráchtála, 7rl., a chur chuige. Marcaigheacht chun na cathrach i dteannta Ghog. Dinnéir le Warren agus Archdekin arís. Sinn ar bheagán cainnte. Ba mhaith liom Archdekin a chur i n-aithne do'n Ghrattanach i dtaobh scéal India, ⁊rl., ⁊rl.

An 28adh, an 29adh, an 30adh lá.—An Fochoiste. Ag scríobhadh leitreacha. Chuala go bhfuil Mac Néighill tagaithe 'on chathair. Dinnéar agam 'na theannta ag Tigh an Bhraghallaigh. Gan pioc nua. Cuireadh i n-aithne go fuirmiúil mé do'n Árdchoiste.

An 31adh lá.—An imleitir i gcómhair na bhfriothtuairiscí ullamh le sighniú. Tháinig an Fíonadóir isteach agus tar éis a lán iomarbháidhe, dhiúltuigh sé a ainm a chur leis. An meathtach; an raispín! Is fiú dhá chéad míle púnt an geocach. Conach ar Ghog. Dinnéar arís i dteannta Warren agus Archdekin. Mé breoite ar feadh an lae. Chun leabthan ar a naoi a chlog.

Lughnas 1.—*Merry be the first of August!* Bricfeast san gColáiste. Thaispeáin Boswell seol a cheap sé chun líonta iascaigh d'fhighe, agus deineann go slachtmhar iad go fiú snaidhm an iascaire. Do chuir sé sompla ag triall ar Chumann Brostaithe na nEaladhan i Lonndain, a bhí tar éis duais seascad giní do thairgsint i gcómhair gléas d'á shaghas. Tháinig éileamh ó n-a lán eile chómh maith ach dob é a cheann súd amháin do bhí i n-oiriúint dóibh. Do bheadh an duais le fagháil, dá bhrí sin, aige ach go bhfuairtheas fios go hádhmharach, i n-am chun é chosc, gurbh Éireannach é, agus ar an bhfáth san amháin d'eitigheadar é thabhairt do. *Ba chéillidhe agus b' fhial san.* Thug Boswell faid slaite de líon dúinn a dhein sé d'fhighe ós ár gcómhair. Do chuir sé Mac Cába agus an Péarsach i gcuimhne dhom.

Seo againn léiriniúchadh Bhroughsham: cad a dhéanfaidh na hÓglaigh annsúd. Níl friothtuairisc ar bith tagaithe ó Loch gCarman. Cad is brí leis sin?

An Fochoiste. Gach duine ag spídiú fé'n bhFíonadóir toisc a dhiúltadh chun sighnithe. An seansclábaidhe meathta. Tháinig Mr. Everhard ó Shligeach isteach agus thug tuairisc dhuairc dúinn

ar an daorsmacht agus an tarcaisne atá ar Chatoilicigh an bhaile sin ; gach raispín Protastúnaigh agus gan de chaitheamh aimsire aige ach ag briseadh na gceann agus na bhfuinneog aca, agus ní bhfaghtar Grand Jury a thabharfadh chun trialta iad, ná mion-choiste a dhaorfadh iad. Misneach na gCatoiliceach briste ar fad. Fiú ní phleanncaid siad a chéile a thuilleadh. Och ! Och ! Mé gnóthach ó mhaidin ag filleadh páipéar, ⁊rl., i gcómhair na n-easpog Muimhneach. Damaint ortha uile mar easpoig ! Níl Gog ró cheart ar an scéal san. Ceapann gur maith an rud iad. Díth céille ! Dinnéar san mbaile agam i dteannta Mhic Néighill agus Mhic Reachtainn. Do bhítheas go suairc. Cirt bhunaidh an duine ar siubhal againn. Réabhlóid na Frainnce. Díochur easpog, ⁊rl., ⁊rl., ⁊rl.

Lughnas 2.—Bricfeast i dteannta an Draighneánaigh agus Mhic Néighill. An Fochoiste. Tuilleadh páipéar. Gan aon bhreith ag Gog ar Mhagog le staidéarthacht, agus é 'na ghaige diail. Gan aon ruaine de Phápaire i Magog ná san Warrenach ; an chuid eile tugtha go leor do. Casadh J. Bramston orm díreach agus é ag imeacht go Sasana. Dinnéar ag Tigh Sweetman fara mórghasra. Gach ní ar fheabhas. Leath Chonntae an Dúin tar éis a gcuid taidhleoirí a cheapadh. Mo ghoirim iad !

Lughnas 3.—An Fochoiste. Ag déanamh fillte ar imleitreacha, ⁊rl. Friothtuairiscí ó Loch gCarman fé dheireadh thiar. Cíosrolla a gcuid taidhleoirí £15,000 san mbliain. Mo ghoirim iad ! Sin ocht gconntaethe.

Dialann ar imeachta Sheoin Hutton, scuibhéar, le linn an treas chuarda d'á dtug sé go hÍochtar na hÉireann agus ar an eadarghnó glic cleasach do rinne le Buachaillí an Amhscarnaigh agus le Piaraí éagsúla de'n tír ; mar aon le n-a eascnamh laochda isteach agus a chúladh iomráidhteach amach as cathair Rátha Foircheallláin ; agus ar n-a mheascadh le teagmhála éagsúla inspéise agus le scéilíní iontaithnimh—*Vive le Roi.*

Lughnas 7, 1792.—Do ghluaisigheas ar an gcarráiste ar mo thuras ameasc Bhuachaillí an Amhscarnaigh i dteannta Ghog agus Mhic Néighill. An turas go taithneamhach. Shroicheamar Droichead Átha agus chaitheamar dinnéar. Réidhtigheamar le Mac Néighill bualadh leis ag Ráth Foircheallláin. Chuamar chun té a chaitheamh i dteannta Mhrs. Austin aintin le Gog, a chuir d'iachaibh orainn cur

fúinn ag a tigh féin. Gheallas dinnéar a chaitheamh fara Mr. Bird amáireach. Coimeádtar an chéad lá de'n mhí seo caithte annso fé sholamhntacht mhór: *"July the first in Oldbridge town, there was a grievous battle."* Mé breoite. Chun leabthan ar a hocht a chlog.

An 8adh lá.—Do chuas go dtí an Coffee House. Do chonnac na rúin ó Ghrand Jury Dhoire, agus an ghairm ó Chonntae Loch gCarman. Racht uathbhásach feirge orm. Do shuidheas síos agus scríobhas alt do'n *Northern Star* fé'n ainm *Vindex* ag cáineadh na rún, ⁊rl. Do thaisbeánas *Vindex* do Ghog agus thaithnigh thar barr leis; d'innis dom go dtáinig na heaspoig leis agus go bhfuil le dul ar dinnéar leo. Do chuas go tigh Bhird agus chaitheas an tráthnóna go léir ann i bhfochair ghasra cailíní. Nach mé an dailtín! Abhaile leis an deireannaighe.

An 9adh lá.—Shiubhluigheas amach i dteannta Ghog agus cheapamar rúin sáraithe do Dhoire: thána abhaile agus scríobhas iad. Do bheir Gog 'na phóca leis go dtí an Príomhaidh iad. Bird agus Hamill: chuireas fé n-a mbrághaid go dtairgeochaí cómhontas do'n lucht cinnsil Protastúnach, agus, i n-ionad cnotaí oráinseacha a chaitheamh, go dtiocfadh gach dream le 'chéile agus go gcuirfidís cinn uaine anáirde ar an gcéad lá d'Iúl so chugainn. Beartú maith bíodh gur liom féin é. Dar leat go dtuigtar dóibh sin nárbh fhéidir é dhéanamh. Bainidís triail as, pé scéal é. Dinnéar agam i dteannta an Dr. Ó Raghallaigh, an Príomhaidh; bhí ann, leis, an Pluncéadach, Easpog na Midhe; Ó Raghallaigh, Easpog an Chlochair; Crús, Easpog Árdachaidh; Mac Maoláin, easpog an Dúna; Mac Dhubhghaill, easpog Rátha Both; Mac Dáibhidh, easpog Dhoire; agus Ó Leannáin, easpog an Droma Mhóir, daoine lághacha, stuamdha iad go léir. An Dr. Pluncéadach i bhfad chun tosaigh ar an gcuid eile. Ba chreidiúint é, dar liom, i n-aon ionad. Iad ar fad go ceart ar cheist na gCatoiliceach. An gnó, maidir leis an dTuaisceart, socair anois. Mo mheas ar an Dr. Pluncéadach ag dul i méid; áthas orm na heaspoig Catoiliceacha chómh deighmheonach, tuigseanach: *beau-jour!* Iad ar fad go lághach liom féin agus ag traoslú dhom i dtaobh *Vindex*, agus do dhiúltuigheadar sláinte Tighearna Hillsborough d'ól. *Bon.* San mbaile go luath. Chun leabthan.

An 10adh lá.—Do bhí an treas duine, Loingseach ó Ghaillimh 'na chómhthaistealach linn. Breall. Iubhar Cinntrágha. Do cuireadh i n-aithne mé do Mhr. Ó hAllmhuráin, sóisear, ógánach cliste. Dul a chodladh go luath dhom.

An 11adh lá.—Bricfeast ag tigh Uí Allmhuráin. Ba chlos dom gurbh é tuairim Mhr. Barber nár cheart dúinn dul go Ráth Foirchealláin, agus gur iarr ar dhuine éigin scríobhadh d'á réir chugainn go Baile Átha Cliath. Tuigtar gurab é an fáth atá aige leis ná d'eagla go dtiubhradh cuid de lucht na farmaideachta san mbaile sin masla dhúinn. Níl leigheas air, an rud a bhíonn, bíonn, agus caithfeam-ne dul go Ráth Foirchealláin. Do cheannuigheamar lón púdair is piléar agus líonamar na piostail ar eagla na heagla. Mo chuid-se piléar ró mhion; maisle air! Eagla an Chaptaein Swan orainn, árrachtaidhe duine atá ar Bhuachaillí an Amhscarnaigh; thugas iarracht ar forcaoin suilt a dhéanamh d'á ainm—rud éigin i dtaobh gé—ach ní dhéanfadh sé an bheart. "*When as I sat in Babylon.*" Do chuala anois díreach má théighimíd go Ráth Foircheallláin go ndéanfar na spearacha a ghearradh againn: "*pleasant but wrong.*" Cad tá le déanamh? 'Sé Mr. Ó Néill ó'n gCabraigh d'innis an méid sin dúinn: cladhairiúil go leor an scéal é, ach is dócha gur airigh sé é. Do ghluaisigheamar ag triall air Mhr. Ó Néill i mBannavale ar ár slí go Ráth Foircheallláin.

Fé dheireadh do shroicheamar láthair bhuadhach san na féilintine agus na sobháilcí bpoiblidhe. "*I fear thee*, a Ráth Foircheallláin, *lest that thy girls with spits, and boys with stones, in puny battle slay me.*" Do chuireamar fúinn ag Ósta Uí Mhurchadha, seisear againn agus cách go córdha. Do sholáthruigheas páipéar agus chromas ar scríobhadh go dtí an Dr. Mac Taidhg, Mr. Barber agus Mr. A. Ó Labhradha. Tháinig stad obann ionnainn nuair a hinnseadh dúinn ná tabharfadh fear an tighe óstaidheacht dúinn. 'Seadh 's dóin! Do dhiúltuigh an geocach go dúlaithe é dhéanamh. Do bhí mairtfheoil fhuarbhruithte agus easnacha ógchaorach aige agus ní thiubhradh ceachtar aca dhúinn-ne, ach thug a chúl linn agus d'imigh. Go diail breágh. Tá go maith, a Mhr. Ó Murchadha! Ní mar síltar a bítar. Cad tá anois le déanamh agus é tar éis a ceathair a chlog? Do socruigheadh Mr. Ó Néill a chur d'iarraidh an Bharberaigh. Siúd leis. Do chuireamar fios ar Mhr. Lindsay, leis, tuairim dhá mhíle ó bhaile. Do gheall Mr. Hutton dul ar chapall go Linen Hall go dtí Ó Labhradha óg. Crúdh imithe ó'n gcapall aige. Maisle air! Tá go maith. Tá sé ró dhéannach, anois chun teachtaire a sholáthar. D'fhill Mr. Ó Néill le scéala, fé mar bheadh an nimh ar an aithne, ná raibh an Bárberach san mbaile. Is léir an eisiompláir é ar staid na polaitidheachta san dúthaigh seo fear tighe ósta do dhiúltú cóir a thabhairt do Chatoilicigh ar

airgead. Do bhí cos tinn ag Mr. Lindsay agus ní fhéadfadh sé teacht.

Fé dheoidh fuaireamar greim ar dhuine de mhuinntir Mhurchadha, dearthair do'n fhear fial ósta so againn-ne, agus duine galánta: mhínigheamar do fáth ár dturais ann agus chuireamar cómhrádh an 18adh lae d' Iúl i gcuimhne dho. Dar leat air gur náireach leis mí-iomchur a dheartár agus ar chuma, gur bhaoghal leis go dtiubharthaí masla dhúinn ; ach dubhairt go raibh súil aige ná tuitfeadh san amach. Sinn lán de chalmacht. Cuid againn beartaithe ar smúit a bhaint as bhúraigh Rátha Foircheallain dá dtugaidís fúinn, Mac an Fhailghigh go mórmór amhlaidh ; tháinig seisean fé arm ó Iubhar Cinntrágha d'aon ghnó chun cabhraithe linn-ne dá mba ghábhadh ; duine fearúil dearbhchinnte é. Fuair na huaisle atá ar an mbaile fios, dar linn, go rabhamar ullamh fé n-a gcómhair, agus mar sin ní thugadar aon iarracht ar sinn a thumadh, rud ba thruagh leo ná dearnadar linn nuair bhíomar cheana ann.

D'fhágamar Ráth Foircheallain go lánslógh agus an eachraidh ar tosach. Do chonnacamar céad go leith de Bhuachaillí an Amhscarnaigh ag gleacaidheacht i ngoireacht leithmhíle do'n bhaile. Is dócha, dá bhfanaimís i gcómhair na hoidhche ar an mbaile go mbeadh sé 'na chath againn. Do shroicheamar tigh Mhr. Ó Néill agus chaitheamar dinnéar. Seanuaisle agus iad fáilteach, cneasta. Do ghoin sé Mr. Ó Néill go mór gur eitigheadh fá bhiadh sinn i Ráth Foircheallain agus gur le hais an bhaile sin a mhair sé féin agus a shinnsir le céad bliain roimhe sin. Is urghránna é imreasán so na gcreideamh, agus is dearbh gurab iad uaisle na tíre seo atá ag adhaint na teine leo. Do cheileabhramar agus níorbh fhurus dul ó'n Niallach, agus shroicheamar Iubhar Cinntrágha timcheall a deich. Thúirlingeamar féin agus ár gceithre cás de phiostail, go móirmhisniúil. "*Five pound, for a peep-o-day-boy.*" Husá! Husá! Sásta go leor sinn a bheith tagaithe slán thar n-ais. Slugadh mór ar phórtar, Bail ó Dhia ar gach n-aon! Chun leabthan.

An 12adh lá.—Cuimhne lae beirthe Phrionnsa na Breataine. Tháinig roinnt de na Cosantóirí chugam d'fhéachaint an raghainn go Dún Dealgan chun iad a chosaint i láthair na cúirte Assize so ag teacht. Ní féidir é. D'fhiafruigheadar díom cia mholfainn dóibh; luadhas Chamberlaine, Saurin agus Jebb. Do chonnac *Vindex* fé chló ; botúin go leor ann ; d'aimsigheas aithfhriotal do'n Chaptaen Swan : "*If he had been saucy we would have made him a rare bird on the earth and very much like a black swan.*" Do rith san chugam

indé agus sinn ag dul isteach go Ráth Foirchealláin agus scannradh orm. An raibh scannradh orm ? Is fíor é ná raibh ach muna raibh féin ní raibh aon chathú orm nuair a tháinig aimsir chodlata agus gach ní go ceart. *All fair* a ndubhairt Mr. Breslaw. Dinnéar ag tigh Uí Anluain. Tar éis dinnéir chuas ag marcaigheacht go Caisleán Ruaidhrí ar feadh na trágha. É go hálainn. Beanna Boirche, an fhairrge, ⁊rl. D'fhanas im shuidhe deireannach agus tréas d'á shuathadh againn. Och ! och !

An 13*adh lá*.—Bricfeast agam ag tigh Mhr. Ó Fágáin ; roinnt Chatoiliceach ann ; gníomhartha mioscaise ar siubhal i nIubhar Cinntrágha. Chómhairligheas dóibh dul ar shuaimhneas agus ar réidhteach. Do gheallas lionn dubh d'ól 'na bhfochair ar fhilleadh dhúinn, agus go rabhamar ag dul as san go dtí Marcus Downshire. Cad é an saghas fáilte a chuirfidh an tighearna rómhainn ? Is cuma riamh é. Siúd linn agus shroicheamar Hillsborough. Do hinnseadh dúinn go raibh Tighearna Hillsborough imithe go dtí Tighearna Annesley agus ná fillfeadh go ceann dhá lá nó trí. Do shocruigh-eamar ar imeacht linn go Béal Feirste, shroicheamar é agus chaith-eamar suipéar fara Mac Néighill agus Simms. Do bheir Mac Néighill abhaile leis sinn chun fanúint farais féin. Go deireannach chun leabthan.

An 14*adh lá*.—Shiubhluigheamar amach go bhfeicimís long nua Mhic Reachtain, an *Hibernia*. Coróinn Shasanach ar scéith an *Hibernia*. Leigeamar go léir gáir cháinte fé. Dinnéar i dtigh Mhic Néighill fara'n seanghasra. Conntae an Dúin ag dul i bhfeabhas gach lá ar cheist na gCatoiliceach. Dhá cheann de na complachtaí nua, fé na captaeiní Cowan agus Dubhghlas, d'iarradar go nglacfaí i gcipe an Union iad fé'n gColonel Shearman agus do diúltuigheadh dóibh, agus gan de chúis leis ach go rabhadar tugtha do phrionsabail Bhuachaillí an Amhscarnaigh. *Bon*.

Cuireadh ar Ghog agus ar Mhr. Hutton tuarasgabháil a thabhairt ar aiste na gCatoiliceach ar láthair na huaire. Thug Mr. Hutton tuairisc fhada chruinncheart uaidh agus do mhol a raibh láithreach d'aonaitheasc é. D'éirigh muinntir Bhéal Feirste bruithteasaidhe le fíon agus le tírghrádh. Sinn uile go calma ; Gog go laochda ; an Sclábhaidhe Éireannach mar an gcéadna ; an Súdaire mar an gcéadna ; Mr. Hutton mar an gcéadna. Do gheall na Catoilicigh na saighdiúirí d'fhagháil dá soláthruigheadh Béal Feirste na hoifigigh. Is comthrom san. Baile Lurgan glasuaine mar is gnáth. Tiocfaidh rud éigin as so go léir. Do shocruigheamar go suaithfimís an scéal

amáireach arís, nuair a bheam fuartha. Husá! Sinn ar meisce go coitchionn. *Vive la Nation.* Insa fial le bainimpire na Ruise. Buaidh le hairm na Polainne, agus trí ghártha ar chnoc. Husá! Sinn go mór ar meisce. Chun leabthan. Ní heolach ach do Dhia conus. Mé le dul chun dinnéar amáireach leis an Súdaire. Husá! Hus——

An 15*adh lá.*—Ar meisce ag dúiseacht dom. Bricfeast fara Mac Néighill, an Iacobíneach, ⁊rl. Do scríobhas leitir i dtaobh an Ghrand Jury i nDoire agus *Derry Farmer* mar ainm léi; scríobhas alt beag, leis, ar an adhbhar céadna, agus ceann eile, fós, fá ráfla i dtaobh géilleadh na bPolach (droichscéal é, má's fíor é). Ceann eile arís ar Ghrand Jury Dhoire. Do chonnac Sinclair agus thugas tuairisc do ar ár dturas go Ráth Foirchealláin. Fraoch feirge ar an Éadaitheoir. Complachtaí nua Óglach ag teacht aníos mar bheadh fáis na haonoidhche agus ní heol d'aoinne cad chuige. Tá complachtaí Aondroma ar fad ar fheabhas. Le congnamh Dé tabharfamna rud éigin dóibh a choimeádfaidh ar siubhal iad. Ní bheidh an dúthaigh seo choidhche go maith nó go bhfaghaidh Catoilicigh a gcuid cléire de thoradh toghtha. Is maith an tráth so chuige mar ná glacfaidh an Fhrainnc a thuille le n-a gcuid mac léighinn, agus tá eagla na Réabhlóide ar na Catoilicigh, ⁊rl.

Dinnéar ag tigh an tSúdaire; gach rud go maith. D'innis an tOirmhidneach T. Birch, ó *Bhotany Bay*, dhúinn ná fuil sé ach tar éis filleadh ó chruinniú mar a raibh ocht nduine déag de chléir na nDí-aontach ó áiteanna éagsúla i nUltaibh agus gurbh áthas leis go bhfuair sé *iad go léir* taobhach le saoirse do Chatoilicigh, agus is deimhin leis go bhfuil an chúis ag leathnú go tiugh. Tá a cheanntar féin, mar a bhfuil iomad daoine, ar fad iompaithe; iarrachtaí a tugadh fé n-a phobal féin a chlaonadh 'na choinnibh, toisc an pháirt a ghlac sé an 14adh lá de mhí Iúil, theip ar fad ortha. Do thairg sé, i láthair mhórphobail, an scéal a chur fé dhiospóireacht tar éis tionóil le haoinne nár aontuigh leis, agus is é freagradh tugadh air ná ná raibh práinn ar bith leis mar go raibh gach duine sásta. Is dóigh leis, agus is baoghal gur fíor do, nach maith na cáirde do'n tsaoirse an chléir Chatoilíceach. Do labhair sagart Thulaigh na Naomh* i n-aghaidh na nÉireannach nAontaithe agus d'fhógair ar a mhuinntir gan ceangal le cumainn d'á shaghas, ach ní túisce sin ná aithbhearadh tugtha air san tséipéal ag duine d'á phobal. Tá san go léir ar fheabhas. Ní hamhlaidh go bhféadfadh daoscar-

* Saintfield.

shluagh Rátha Foircheallâin cosc a chur le fás na saoirse i nÉirinn. Abhaile liom. Chun leabthan go luath.

An 16adh lá.—Do ghaibh an Súdaire chugam chun dhá rud a mholadh : an chéad rud, chun an plan d'fhoillsiú gur thagair an Grand Jury i nDoire dho, agus d'aontuigheamar leis sin mar nach gábhadh aon cheilt feasta ; agus an dara rud, nár cheart an coiste nua a thabhairt le 'chéile chómh luath i Mí Deireadh Fóghmhair, mar d'á fhaid a cuirtar ar gcúl é gurab eadh is iomadúla bheidh ár gcáirde san Tuaisceart, mar táid ag teacht linn ó ló go ló, agus d'á bhrí sin dá n-ionnsuigheadh an Rialtas an coiste do bheadh cabhair ní ba threise againn. Dob é ár bhfreagradh-na air sin a rádh go rabhamar deimhnitheach ná raghaidh an Rialtas i muinghin déin-ghníomh nó go mbeadh an Phairliméid 'na suidhe chun cur leo, agus gur maith an rud taidhleoirí na tuaithe a bheith cruinnithe le 'chéile tamall éigin sula n-éirighidh an baoghal, má éirigheann a leithéid ar aon chor ionnus go bhfaghaidís aithne ar a chéile agus taithighe an fód a sheasamh. Do ghlac an Súdaire leis an réasún-aidheacht san ; taithnigheann liom é bheith chómh himnidheach san 'nár dtaobh, agus chómh piaclach d'iarraidh congnamh cóir d'fhagháil dúinn. Do mholadh Digges é féin agus Getty ; agus fós dar leis an bhFimineach gurbh é siúd agus Mac Cába an bheirt ba mhó go bhféadfaí braith ortha i mBéal Feirste.

Siúd liom go Hillsborough i dteannta an Iacobínigh. Scríobhas leitir go dtí Tighearna Downshire d'iarraidh cead agallaimh leis : thug sé cuireadh dinnéir dúinn, ní nár ghlacamar ; dhein sé coinne annsan ar a seacht a chlog tráthnóna agus thánamar chuige féin agus Tighearna Hillsborough. Do dheineamar cainnt fhada i dtaobh an tosca thug ann sinn. Meabhair Tighearna Downshire leachta nach mór. An mheabhair aibidh go maith ag Tighearna Hillsborough ; de na hárduaisle é. Eadarghabháil an choiste tar éis fearg a chur air. Níl de sheift aige-sin chun an t-achrann a chosc ach le lámh láidir. Do labhair sé i dtaobh a thuille cipí marcraidhe d'fhagháil, agus is é a thugann sé ar an gcoiste agus ar na Cosantóirí ná Pápaistigh Bhaile Átha Cliath agus Pápaistigh na Tuaithe ; deir sé go ndearnaidh ár ndul-na síos ann mórchuid mioscaise, bíodh gur le hintinn fhónta é ; do mhasluigh na daoine do bhí ar chruinniú an 18adh lae de mhí Iúil ag Ráth Foircheallâin ; dubhairt sé go bhfuil airm do cheithre míle duine i seilbh na gCosantóirí agus gheall sé má dheinid siad iad a charnadh i n-aon ionad amháin, go ndéanfaidh sé féin iad a chosaint ; do cháin go géar eidircheangal

Catoiliceach na tíre le 'chéile, agus foillseacháin mídhílseachta, agus gur cuma iad san nó Paine, d'á réir siúd ; dubhairt go bhfuil an dlí d'á chur i bhfeidhm go comhthrom, mar gur crochadh seisear Protastúnach de dheascaibh gníomhartha Bhuachaillí an Amhnscarnaigh a chleachtadh, agus beirt aca-san ar an láthair 'na ndearnadh an réabadh (*sin éitheach*). 'Sé a fhaid ar a ghoireacht é go ndubhairt go bhféachfadh sé féin chuige go raghaidh na dlithe uatha féin i bhfeidhm gan sinn-ne d'á mbac. Is é suim an scéil é nach mó ná lághach a bhí an Tighearna. Pionnsaireacht chliste ar siubhal idir an Tighearna agus Mr. Hutton a dhein cosaint éirimiúil ábalta ar na Catoilicigh agus a thug friothshunnc go minic do'n Tighearna. Do bhí na toscairí go grodfhoclach deaghmhúinte. Do chuireadar a gcás i n-úil, agus ná tánadar nó gur cuireadh fios ortha, agus thugadar sidhe nó dhó fé'n lucht cinnsil Protastúnach i dtaobh Rátha Foirchealláin. D'admhuigheamar an cheithre mhíle arm ach dhearbhuigheamar nár baineadh feidhm chun ionnsaithe riamh fós, asta. Thugamar breabhaid fé sna complachtaí nua agus chaitheamar tuairim gurbh é a gcur-san ar bun, agus an meon a bhain leis na hoifigigh a bhí ortha, fé ndeara an clampar a bhí ar siubhal i láthair na huaire. Do chuireamar ar an Tighearna a admháil nárbh iad na Catoilicigh a thosnuigh an cath ar aon ócáid. Maidir le hiad a bheith ag teacht le 'chéile 'na mbuidhne, d'admhuigheamar nár cheart san, ach dubhramar go scaipidís arís gan aon díobháil a dhéanamh. Mar chríochnú ar an scéal thugamar mar thuairim dearbhtha uainn dá mba léir do na Catoilicigh go raibh an chosaint chéadna le fagháil aca-san a bhí ag na Protastúnaigh go mbeadh síothcháin láithreach ann. Do cheileabhramar do na tighearnaí agus gan aon taobh againn ró bháidhiúil d'á chéile.

Do ghluaisigheamar agus shroicheamar Baile na hInse go deireannach. Do cuireadh i n-aithne do Mhac Bloscaigh sinn, togha fir. An ceanntar san beagnach ar fad iompaithe cé gur gearr roimhe sin ó bhí sé go dona. Complacht nua d'ár cuireadh ar bun ann ar mhaithe le phrionsabail Bhuachaillí an Amhscarnaigh, d'iompuigh Mac Bloscaigh iad agus d'á bhítin sin dheineadar Lieutenant de ortha féin. Tá san go maith. Tá na Catoilicigh agus iad féin chómh cáirdiúil sin le 'chéile anois go dtugaid na Catoilicigh iasacht arm dóibh-sin chun a gcuid gleacaidheachta d'fhoghluim, agus téighid d'á bhféachaint le linn slógadh airmchleachtaithe, agus tá an dá dhream úd go mór muinnteardha anois a bhí ag dul i scórnacha a chéile cheana. Níor bhain an méid sin ach dhá mhí, nó fé n-a bhun.

de dhuine aonair anaithnid. Cad é ná fuil ar chumas uaisle Chonntae an Dúin dá mbeadh an spioraid chéadna d'á ngríosú. Maisle ortha! Do taoscadh mórchuid d'fhíon bhogthéidhte. Sinn maith go leor. Trí ghártha ar chnoc fé thuairim cómhaontadh Éireannach, ⁊rl. Go deireannach chun leabthan.

An 17adh lá.—Deasca dighe na hoidhche araer orm ag éirghe. Shiubhluigheas amach go Mountalto go Tighearna Muighe Rátha. Do chaitheas bricfeast fara'n Tighearna, an Abb Berwick, agus Mac Uiliam ó Lios na gCearrbhach. D'innseas dó i dtaobh ár dturasa, agus d'iarras cead Gog a chur i n-aithne dhó, agus do cheaduigh san go cáirdiúil; tá an Tighearna muinnteardha linn, agus is móide é na Tighearnaí Hillsborough agus Annesley 'nár gcoinnibh. Do mhasluigh sé Tighearna Annesley, fear, do réir deallraimh, ná fuil ann ach anduine agus é mar ghnáithchleas aige ghabháil de chosaibh ins na Catoilicigh ar na bóithre, nó pé áit eile go gcastar air iad; an rifíneach! Cad 'na thaobh dóibh gan eisean a leagadh thar n-ais agus 'san diabhal dóibh. Do bheireas Gog liom agus chuireas i n-aithne é; thug an tighearna cuireadh dinnéir dúinn agus ghlacamar leis d'á réir. Do chuamar de shiubhal, mé féin, Gog, an tAbb agus Mac Uiliam, d'fhéachaint Mhr. Shearman; fuaireamar ag an Spá é agus thugamar fios ár scéil i gcoitchinne dho. Do bhí Mr. Shearman go han-mhuinnteardha agus cháin sé go mór iomchur na n-uaisle agus a lucht leanúna. Do mhol sé san ngréin an dileagra i gcómhair na gCosantóirí tar éis sinn d'á thaispeáint do; bhí san go léir go maith. Mórchuid gáiridhe d'á bhaint ag an Abb asainn. Tá ag an Abb "*a species of something like rationality.*" Is géar an duine Mac Uiliam; tá sé tar éis bheith ag pléidhe le cipe an Union chun dileagra d'fhagháil uatha i n-aghaidh na nithe a thárlaidh i mBéal Feirste ar an 14adh lá d'Iúl. Do thriail sé trí chomplacht i ndiaidh a chéile ach theip air gach uair; b'éigean do éirghe as, ach d'á aindeoin sin ní stadann ach ag trácht ar cheart agus ar mhóraigeantacht. Mr. Hutton leath i bhfeirg leis, ach ní scéitheann air féin ach bhí sé 'ghá mholadh siúd idir mhagadh agus dáiríribh, ach ní dhéanfaidh san do, ní haon iontaoibh an bioránach. Do milleadh an dinnéar nuair tháinig gan coinne ann an Taoiseach Patterson agus Colonel Marsh ar a dturas go Sasana; do bhítheas go diail dúr; bhí an tAbb gan aon ghreann. D'éirigh Mr. Hutton agus Gog go luath agus cheileabhradar dóibh; d'fhágamar Baile na hInse agus ghluaisigheamar leis an oidhche

go Droichead na Banna ; míochompórdach go leor ; an bóthar go holc ; codladh i nDroichead na Banna.

An 18adh lá.—Do shroicheamar Iubhar Cinntrágha timcheall a hocht. Do casadh Ó hAnluain agus tuilleadh orainn ; thugamar tuairisc ar ár dturas dóibh ; iad uile d'aon fhocal go mba cheart an dileagra chun na gCosantóirí a chur amach. Do scríobhas go dtí Tighearna Downshire, Tighearna Muighe Rátha, Colonel Shearman, an tEaspog Mac Maoláin, an tEaspog Ó Lionnáin, agus chuireas cóibeann de'n dileagra chuca. Do ghaibh Pádraig Ó hAnluain air féin an dileagra a scaipeadh i gceanntar na Móirne, agus i ngach áit eile mar a bhfuil an clampar ar siubhal i gConntae an Dúin. Do bheartuigheamar bheith ag cur dinn go Baile Átha Cliath ; do háitigheadh orainn fanacht agus iarracht ar mhuinnteardhas a dhéanamh idir Chatoilicigh Iubhair Cinntrágha a bhí i n-eascáirdeas le 'chéile ; d'fhanamar chuige sin. Do casadh an dá dhream eascarad orainn um thráthnóna ag an ósta. Thug Gog aitheasc uaidh ag léiriú cúrsaí na gCatoiliceach ; níorbh eol dom chómh maith riamh é ; do thagair do shíothcháin agus do chómhaontadh, agus do chómhairligh dóibh faobhar a gcuid uilc a dhíriú i n-aghaidh a n-aonnamhad araon, an lucht a fuair seilbh uathaidh ar mhaitheas na tíre. D'aontuigh a raibh láithreach a gcuid seanfhalaí a leigean i ndearmad agus d'éirigheadar agus chrothadar lámha le 'chéile. Ar órdú an chruinnithe thug an Cathaoirleach cuireadh chun dinnéir lá ar n-a mháireach do Ghog agus do Mhr. Hutton, a chleacht páirt *Ripieno* an tráthnóna go léir, fara Catoilicigh Iubhair Cinntrágha i n-onóir d'aithteacht an réidhtigh ; agus ghlacadar san leis sin bíodh gur chuir sé isteach ar a gcúrsaí féin. 'Nár suidhe go deireannach "*all with magnanimity and benevolence*" *Beau-jour !* Nach maith an scéal síothcháin a bheith arís ar bun san mbaile sin. Do mhol Gog, agus d'aontuigh na Catoilicigh, conchlannacht a chur ar bun chun cúrsaí na gCatoilicieach a chur chun cinn. Do ceapadh Gog agus Mr. Hutton 'na mballaibh ó thionnscnamh ; agus chuir a raibh láithreach a n-ainmneacha le páipéar mar dheimhniú ar a n-intinn chun cumann a chur ar bun, ⁊rl. Do dhein Gog agus Mr. Hutton "*deismireacht lámh ar mhódh mhórmhaisiúil agus thiomáineadar cead agus ceileabhradh leo.* "*Entre deux vins*, mhol Mr. Hutton conchlannacht d'Éireannaigh Aontaithe a chur ar bun. Do thaithnigh an tairgsint go mór leo : é sin uile go rí-mhaith.

An 19adh lá.—Do chuas chun Aifrinn; dícheillidhe go leor; an iomad deismireachta. *Aithríoghadh déanta ar rí na Frainnce!* Is maith an scéal san, óir gheobhaidh na daoine comhthrom na Féinne. Conus a raghaidh an t-arm? Go dtugaidh Dia iad a sheasamh do'n náisiún. Is ar a ngníomh san atá gach ní anois ag brath. Tá ár leas-na leis ag braith ar nithe ná leigfeadh an díth céille do chuid againn iad d'fheicsint. Do chuas ar marcaigheacht go Caisleán Ruaidhrí; d'á mhéid a bhfeicim de iseadh is mó a thaithnigheann liom. Dinnéar; cuireadh tugtha do thriocha duine, agus Protastúnaigh cuid mhaith aca, i gcómhair na hócáide. Dubhairt Mr. Moody, an ministir Dí-aontach, an t-altú bídh; thar barr! gach ní go maith. Do hóladh sláintí deaghthoghtha. Do luadhadh na hÉireannaigh Aontaithe arís agus do moladh d'aonaitheasc an gnó, gura mar sin a bheidh; is iongantach a luaithe atá meanm na gCatoiliceach ag éirghe san mbaile seo na dTóirithe, atá ar r baill is measa i nÉirinn; d'fhanamar suidhte go dtí n-a nao siúd linn annsin go Dún Dealgan, mar a dtánamar timcheall dódhéag.

An 20adh lá.—Thugamar fé'n mbóthar go han-luath, chaithcamar bricfeast i nDroichead Átha; thugamar na daoine le 'chéile agus chuireamar gach ní ar a súilibh dóibh; cách go tréan. Do ghluaisigheamar chun Baile Átha Cliath agus shroicheamar ann ar a sé tráthnóna; breacthuirseach go maith. Le gach ní a mheas, turas thar barr dob eadh é sin againn agus is mór an tairbhe atá déanta d'á bharr. Tá curtha i n-úil againn gurab iad ár naimhde thuaidh atá le mícheart agus gur againn-ne atá an ceart, dar ndóigh. Tá congnamh maith tugaithe againn chun réidhteach a tharrang arís i gConntae an Dúin; d'adhnamar spioraid i nIubhar Cinntrágha ná raibh riamh cheana ann; réidhtigheamar a gcuid achrainn; mhéaduigheamar meanma ár gcarad; laghduigheamar 'nár naimhde é agus dheineamar mearbhall do Thighearna Hillsborough. Is maith mar thárlaidh.

> Hic finis longæ chartæque viæque.—*Hor.*
> Here our long journey and my paper ends.—*Francis.*

X

EADARGHNÓ POLAITIDHEACHTA

1792—LUGHNAS 23 GO MÍ DEIREADH FÓGHMHAIR 5

Freastal catha do na Grand Júraithe. Cómhrádidhte le Grattan 7rl. Cuaird ar Dhiúic Laighean. Scéim Mhic Eochaidh chun dream nua a chur i mbun rialtais. Trácht ar Sheoirse Knox, Tighearna Abercorn, Tighearna na Sionna, Muinntir Phonsonby, dream Bheresford. Tuairimí Tone i dtaobh scéim Mhic Eochaidh. Beartú ar thuras go Connachtaibh.

Baile Átha Cliath, Lughnas 23, 1792.—An Fochoiste. Leitir ó'n Dr. Esmonde ó Chill Dara. Mr. Ó Conghaile go mór muinnteardha linn agus thug cáineadh gan chuimse ar na rúin ó Dhoire. Do scríobhas X Y 'nar chuireas tuairisc gan fiaradh i dtaobh an turais a thugamar go deireannach, agus an fháilte cuireadh rómhainn, san Tuaisceart; chuireas go dtí an Seoigheach é i gcómhair a pháipéir agus scríobhas go dtí Mac Néighill chun athchló a dhéanamh air, agus mar sin beidh buntáiste an dá chur amach againn. An mbeidh sé de mhacántacht san Seoigheach é chur i gcló?

An 24adh lá.—Do scríobhas leitir go dtí Ó hAnluain d'á iarraidh air eolas a bhailiú i dtaobh an chlampair i gConntae an Dúin; agus leathfhocal i dtaobh Chumann na gCatoiliceach agus na nÉireannach nAontaithe, i nIubhar Cinntrágha—togha leitre. Do scríobhas forógradh fuinniúil thar ceann an Árdchoiste mar fhreagradh ar shreath rún ó Chonntae Luimnighe; is dearbh gurbh é an Sainsiléir a cheap iad; bhí dailtínteacht agus beadaidheacht ins na rúin, agus níor mhaith an forógradh puinn dóibh maidir leis sin; mhol na Catoilicigh go léir é agus go mórmór an Fíonadóir go bhfuil a mhisneach tagaithe thar n-ais dó agus atá go tréan, agus cuid de sin tagaithe ann de bharr go bhfuil sé ainmnithe ins na rúin ag an Sainsiléir. Do socruigheadh go raghadh Gog agus Mr. Hutton chun cainnte le Grattan chun an forógradh a thaispeáint do agus chun scéala ar na himeachtaí san Tuaisceart a thabhairt do.

An 25adh lá.—Do chuas ar charráiste síos d'fhéachaint Ghrattan; Devereux ó Chonntae Loch gCarman im theannta de dheascaibh bacaighe a bhain do Ghog. Ní raibh Grattan san mbaile; fuaireamar fé dheireadh é ag tigh Bhroome i gCill Mochuda agus dheineamar coinne bualadh chuige lá ar n-a mháireach.

Dia Domhnaigh, an 27adh lá.—Tigh na hInse. Do léigheas an forógradh do Ghrattan agus do Hardy; cheap Grattan go raibh trúig achrainn ann agus do mhol bheith go measardha fá chainnt agus bheith go daingean i ngníomh. Do deineadh ciollarchiot de'n fhorógradh agus leigeadh ar a luighead trí ceathrúna ar lár de; chuir Grattan féin roinnt ráidhte ann agus Mr. Hutton 'ghá dtógáil uaidh tré dheachtú; is beag duine is cneasta ghlacann le léirmheastóireacht ná Mr. Hutton. Dubharthas gan an forógradh, do réir mar atá leasaithe, d'fhoillsiú nó go mbeidh gach *Grand Jury* tar éis labhartha. D'iarr Grattan ar Mhr. Hutton, nuair a bheadh sé ag cur an adhbhair nua leis an seanadhbhar *bheith an-aireach* ná beadh rian an táthaithe le feicsint. Do dheineamar cur agus cúiteamh i dtaobh na slí atá Coiste na gCatoiliceach ag cur díobh san ngnó i dtaobh a n-impidhe. Do luaidh Mr. Hutton mar thuairim gur mhaith do'n choiste a ngnó a chur ar athló roimh shuidhe do'n Phairliméid, agus ghaibh an dá theachta go fonnmhar leis. Roinnt míos ó shin do tharraing Mr. Hutton chuig Colonel Hutchinson é ach, mar ba dhual do shaighdiúir, dhiúltuigh súd do; ba chalma san, bíodh nár ró chiallmhar, agus gur duine an-chliste Hutchinson. Is iad na fátha a bheir suidheamh deimhnithe ar an scéal anois—an chéad ní, tabharfaidh sé misneach mór do chómhaltaí nua an choiste a bhraith nach baoghal dóibh féin. An dara ní, nuair a bheidh an athchuinghe, ⁊rl., ullmhaithe is mó d'áis fé'n dtuaith iad ná san gcathair mar mheoin chun eolais a thabhairt do'n phobal. An treas ní, bainfidh sé an bonn ó ghearán an tSainsiléara i dtaobh Cómhdháil Pápaireachta a bheith 'na suidhe san gcathair ag bagairt ar an bPairliméid, agus tabharfaidh sé, d'á bhrí sin, comhthrom do cháirde na cúise san Dáil agus déanfaidh ceataighe dar ndóigh d'á n-eascáirde. Do bhí bun maith reasúin leis an méid sin.

Do bheir Grattan Mr. Hutton ar fód fé leith agus dubhairt leis, ó tá an tráth chun gnímh ag druidim linn gur mian leis féin agus le n-a cháirde gur tré Mhr. Hutton a dhéanfaí gach eidirfhreagairt a bheadh ar siubhal aca leis na Catoilicigh; óir dá ndeinidís eidirfhreagairt go pearsanta leo go n-abróchadh an Rialtas gur mearathóirí iad ag gríosú an aigne phoiblidhe agus mar sin; i n-ionad

iad-san do bheith, 'na mbollscairí chun tuairimí na gCatoiliceach d'fhógairt, gurbh amhlaidh a bhí na Catoilicigh 'na n-uirlísí lámh aca-san ; go n-abróchaí, d'á bhrí sin, nach rudaí a bhí ag luighe ró thinn ortha na gearánta bhí ag na Catoilicigh, ach gur nithe iad a theagaisc Grattan agus a cháirde dhóibh ar mhaithe le cúrsaí dreama áirithe le poilitidheacht ; go dtiubhradh an méid sin freagarthach iad féin ar shlí agus go ndéanfadh ceataighe dhóibh agus lagú ortha go mór i ngnóthaí an gheimhridh seo chugainn. Do thaithnigh san go mór le Mr. Hutton, agus ba mhóide é toisc gur dhiúltuigh an dream san go dúlaithe roimhe sin aon eidirfhreagairt a dhéanamh leis an mBúrcach mór gur chómharba dho é féin, agus iad anois ag diúltú baint leis na Catoilicigh ach tríd féin. Thar barr.

Thugas fios an scéil go réidhchneasta do Ghog. Do baineadh d'á bhonnaibh é—éad an diabhail bhuidhe air ; dubhairt gur léir do go raibh an gnó i ndeireadh na feide agus go bhfuil Grattan ar tí iad a thréigean ; níl a leithéid i gceist. Do dheineas áiteamh leis agus d'áitigheas an scéal air cuibheasach go leor, ach tá goin bháis tugtha do'n uaillmhian atá go flúirseach ann—Gog bocht! B'fhéidir nárbh fhearrde Mr. Hutton an scéal so ar deireadh thiar thall. Níl sé de neart i meon Ghog oibriú i gcómhpháirt le haoinne. Ní foláir leis nó gurab é féin a chaithfidh gach aon ní a dhéanamh nó go sílfaí san do. Do chuir sé an ruaig ar dtúis ar Mhac Chionnaoidh agus annsan ar an mBúrcach, agus cúis diongbhálta chuca araon mar 'dheadh ; ach dáiríribh is é atá laistiar de'n scéal ar fad ná a éad gránna féin. Beagaigeantacht! Suaraidheacht! Déanfaidh Mr. Hutton *mar is ceart, coûte que coûte.* Is mó i n-aghaidh an lae riachtanas na gCatoiliceach leis, agus sin é an buntáiste is fearr aige ; ach má thugann Gog aghaidh a uilc air raghaidh sé ar lár dála na coda eile : *'Tis but in vain for soldiers to complain.* Níl aon duine ná faghthaí locht ann dá ndeintaí a mhionscrúdú. Do chómhairligh Mr. Hutton do Ghog fios an tsocraithe seo a cheilt ar na Catoilicigh d'aon ghnó chun ná goilleadh an díombáidh ró ghéar air. Nach glic sin ? Tá Mr. Hutton ceapaithe anois 'na mheoin chóimhfhreagartha idir na Catoilicigh agus a gcáirde san bPairliméid. An fada bheidh sé amhlaidh ? Nach gradamúil an t-ionad é. Ní mheasann Grattan de ghnó na gCatoiliceach ach mar mheoin chun an mhaitheas choitchionn a chur chun cinn. Láincheart. Ach an dóigh leis na Catoilicigh sin ? Ná an diabhal pioc, ach duine nó dhó aca. Adeir Gog má tugtar cead guthaidheachta dóibh go bhfeicfidh an saoghal an gaisce dhéanfaid ag aithleasú rudaí. Go

leigidh Dia sin, ach is mór é m'amhras-sa mar le duine ; pé scéal é leanfad orm—*tá an ceart ar a dtaobh, gan trácht ar aon leasú.*

Lughnas 28.—Ag Grattan arís. Do chuir sé arís i n-úil dom ná déanfadh sé eidirfhreagairt leis na Catoilicigh ach tré Mhr. Hutton amháin. Tá sé le seoladh go Sasana anocht. An Sár*. D'fhógair sé orm gan dul fé aon chomaoin i dtaobh airgid ag Gog. Is léir go bhfuil an ceart aige agus, ar aon chuma, níl riachtanas le hairgead fé láthair.

An 29adh, an 30adh, an 31adh lá.—Gan aon ní ar siubhal ag an bhFochoiste ach gnáthobair. Coinne leis an mBúrcach. An Fíonadóir go teann.

Meán Fóghmhair 1, 1792.—Do ghléasas mé féin i n-éide airm Bhéal Feirste agus chuas chun dinnéar ag tigh an Díscínigh. Bheannuigh na saighdiúirí go léir dom agus mé ag gabháil thársta agus dheisigh na forairí a n-airm. Do bhí mórdháil an domhain orm, dála aon amadáin. Is dócha gur cheapadar gurbh é Diúic Bhrunswick a bhí aca, nó oifigeach mórchlú iasachta éigin. Nach mé an dailtín !

Meán F. 3.—An Búrcach tagaithe. Na Catoilicigh ar fad i bhfeirg. Measaim go mbainfidh an fháilte cuirfar roimhe cuid mhaith de'n éirghe-anáirde dhe.

An 5adh lá.—Do socruigheadh go dtiubhraidh Gog lántuairisc do'n Bhúrcach ar na fátha tá ag Catoilicigh le bheith míoshásta leis. Is míomhúinte an diúlach duine é an Búrcach, 'ghá bhrúghadh féin ar na daoine seo. Dar le Gog is 'na spiaire atá sé tagaithe anall ar mhaithe le Dundas. Measaim-se gurbh amhlaidh a bhí sé ag cur gothaí móra air féin leis na hAirí i Sasana i dtaobh a chómhachta ameasc na gCatoiliceach ; ach nuair a fuair leitir deaghmhúinte 'ghá dhíofhostadh gur ghluais anall, 'ghá cheapadh, de thoradh na toghaile bhí ann, ná beadh sé de mhisneach ins na Catoilicigh seasamh le n-a leitir féin ós a chómhair. Measaim go mbeidh breall air. Taidhsighid siad go léir bheith i bhfeirg leis, agus is maith atá san tuillte aige. Do bhuaidh a mhíomhúineadh sin ar a gcuala riamh. An diúlach dona ! Tá clann mhac Ghog ar chuaird i mBeaconfield ag Edmond de Búrc agus scríobh sé leitir chuige 'ghá moladh. Ní deacair a thuigsint cad chuige an obair seo. Teastuigheann uaidh congnamh Ghog d'fhostadh ar mhaithe le n-a mhac, ach ní haon mhaith é. Tuigeann Gog go maith an scéal. Dona go leor ! Fuadar fé Edmond dhá mhíle eile giní d'fhagháil do'n mhac má fhéadann.

* Peadar Burrowes

Gnó gránna. Ní haon amadán Edmond i gcúrsaí airgid. Ag plámás le Gog d'fhonn a thoil a chur chun cinn. Ní *sár-álainn* ná ní *haoibhinn* é sin. Ní meallfar na Catoilicigh, mar mheasaim, le cleasaidheacht shuaraigh an athar, ná le dánaidheacht dhrochmhúinte an mhic.

An 6adh lá.—Tá Gog tar éis an agallaimh a dhéanamh leis an mBúrcach agus a *chongé* a thabhairt do. Fearg an diabhail ar an mBúrcach, ach níl dul-as aige. Tá sé go léir tuillte aige agus dúthracht 'na theannta. Do chuas ag triall ar Shíomon Buithléarach le ceisteanna d'iarraidh a thuairime ar an imleitir ós cionn ainme E. Uí Bhroin. A thuairim go mór i n-ár bhfábhar. Do chuas chuig Mr. Mac Gabhann. D'eitigh tuairim a thabhairt agus do thagair pribhléid na Pairliméide mar leithscéal. Ní comhthrom ar fad san. Chuig Burston. Do léigh na ceisteanna agus thug tuairim choitchionn i n-ár bhfábhar maidir leis na prionsabail, agus gheall sé machtnamh a dhéanamh ar cheist an mhódha ; deich nginí do san agus do'n Bhuithléarach.

Do thairgigheas go scaipfaí céad cóib de'n imleitir ar lucht na gnáthchómhairle a thiocfaidh le 'chéile Dia Máirt seo chugainn. Do gabhadh leis. Do casadh an Triobún orm agus chuireas ar a shúilibh do adhbhair agus argóintí i gcómhair na hócáide sin. Chítar dom gur chuir Cumann an Chómhaonta i nIubhar Cinntrágha ár bhfreagradh-na ar dhileagra áirithe i gcló. Díchéillidhe go leor; ba cheart dóibh rabhadh a thabhairt dúinn go bhfoillseochaí é. Muna fearr nára measa. *"Tis but in vain for soldiers to complain."*

An 7adh lá.—Bricfeast i n-éineacht leis an bhFíonadóir agus chuamar araon ag marcaigheacht go dtí Burston, i dtaobh na tuairime úd, agus do gheall go bhfaghthaí laistigh de sheachtain é. Fear móirchéille an Fíonadóir. Cómhrádh sármhaith aige. An Fochoiste. Socruigheadh go raghadh Gog, Mac Dómhnaill agus T. Braghall chun cainnte le H. Ó Conghaile, Dia Domhnaigh so chugainn, agus go n-imeochadh Mr. Hutton síos amáireach go Conntae Chill Dara chun Wogan de Brún d'fhagháil chun iad a chur i n-aithne dho. Dinnéar i dteannta Ghog. Cómhrádh scaoilte ar siubhal i dtaobh Marcuis uasal áirithe, muinntir Knox, 7rl., atharrach rialtais, 7rl., 7rl. Cainnt Ghog doiléir go leor, ach measaim go bhfeicim léas soluis tríd. 'Sé críoch a bheidh air, b'fhéidir, ná mé dhul ar ruail d'fhéachaint mo charad P.P., agus chun cómhrádh dhéanamh lem charaid Seoirse Knox. Scéal díchéillidhe go leór dar liom-sa, ach ní féidir aon dochar a theacht de go fóill agus muna dtagaidh de ach turas a thabhairt ó thuaidh ní haon urchar millte é.

Tá coinne leis an taoiseach uasal i gcionn lae nó dhó. Tá Mr. Hutton ag imeacht amáireach, Dia Sathairn, Meán Fóghmhair a 8.

An 8adh lá.—I gConntae Chill Dara dhom. Fuaireas mo bhuachaill beag fásta 'na bhalcaire mhór bhreágh. Dinnéar ag Ráth Cobhthaigh; Wogan de Brún; boghadóireacht; marcaigheacht d'oidhche agus chun codlata ag an gClaonadh.

An 9adh lá, Dia Domhnaigh.—Tiomáineadh mé i gcóiste an Bhrúnaigh go Cill Droichid agus bhuail coimisinéirí na gCatoiliceach san Deisceart liom; shocruigheamar dul ar dtúis go dtí Diúic Laighean; seo linn do'n Cheathrúin agus fuaireamar Ó Conghaile ann; deineadh mórán cainnte; Gog go han-olc agus go hiomadfhoclach. T. B.* go han-mhaith; Mac Dómhnaill thar barr; is mó a bhíonn i *dtrí* focail aige ná i gcainnt na gcoimisinéirí eile ar fad; Mr. Hutton 'na thost nach mór; Gog beartaithe, cóir máir, ar é féin a chur i n-úil; an Diúic go mór muinnteardha agus do mhol imeachta uile go léir na gCatoiliceach agus go mórmór an plar Amadán de dhuine seachmallach ait é Ó Conghaile; do bhí a cur cainnteanna as ar feadh uair a chluig, geall leis, gan snáth a bith ceangail eatartha mar gheall ar Cómhtháthadh, an Regentach, Mr. Fox, Cumann na bhFuiganna, na Catoilicigh, Bille na bPinsiún, Bille Ionad, Cómhtháthadh. *Da Capo*, ⁊rl., ⁊rl., ⁊rl. Do dhein an Diúic a dhícheall é chur agus é chongbháil sa treo cheart; is fearr fé dheich an tuigsint atá aige ná ag ó Conghaile; dob é críoch an scéil againn é gur chuireamar 'na luighe air ná raibh aon fhóirneart ná namhdas beartaithe againn agus dubhairt sé annsan go raibh a aigne sásta. Dhein sé cáineadh thar meon ar na Grand Júraithe agus go mórmór 'na chonntae féin, Doire; d'innis sé dhúinn, i leith é bheith 'na scéal nua mór, gurbh é an Rialtas a bhí laistiar de sin go léir. Go bhfóiridh Dia air! Is uathbhásach an scéal é go mbeadh cómhacht ag daoiste d'á leithéid i n-aon áit; tá práinn againn-ne leis, ámh; is dóigh liom go bhféadfam é áireamh dúinn féin an seisiún so chugainn. An Diúic go fairsing ar ár dtaobh. *Bon.* Do thairg Ó Conghaile gach arbh fhiú 'en tsaoghal é a thabhairt i n-urraidheacht ar dheighiomchur na gCatoiliceach; is maith san; d'iarr an Diúic orainn dul chun dinnéir, Ó Conghaile mar an gcéadna; thugamar eiteachas agus mórbhuidheachas dóibh araon agus d'imigheamar chun dinnéir go Caisleán an Bhrúnaigh leis an Ruadhánach, ⁊rl. *Beau-jour.* Togha duine an Ruadhánach, Wógan de Brún díreach chómh maith.

* T Braghall '

D'ólamar fé thuairim " spioraid mathshluagh na Frainnce do dhul i bpobal Éireann." Sinn go cródha! Gach ní go meanmnach fónta; chun codlata i Ráth Cobhthaigh.

An 10adh agus an 11adh lá.—Ráth Cobhthaigh; boghadóireacht; ithe agus ól.

An 12adh lá.—Go Baile Átha Cliath ar an mbád; An Captaen Tone (m'úncail) an-tinn, is baoghalach ná cuirfidh sé an geimhreadh dhe; truagh liom a scéal; oifigeach móirmhisnigh dob eadh é.

An 13adh lá.—Do chuas ar marcaigheacht i dteannta an Fhíonadóra chuig Burton d'iarraidh na tuairime úd; í go mór 'nár bhfábhar; tá san go maith; goirim thu, a Bhurton! An Fochoiste; socruigheadh na tuairimí d'fhoillsiú ins na páipéaraibh, agus imleitir, leis. D'iarr Síomon Buithléar orm dul chun dinnéir, agus bualadh leis an mBúrcach; frithscéala tagaithe ó Chorcaigh; chonnac rúin an lucht chinnsil Phrotastúnaigh atá ar an gCómhairle Coitchinn i mBaile Átha Cliath. Na daoithe! Le congnamh Dé aimseocham-na poll nó dhó ionnta. Tá fear a aithrise tagaithe i ndiaidh Vindex san *Northern Star*, saghas maith fir dárab ainm Mr. Crito; níl aon bhreith aige ar an bhfear eile; "*All fair, as Mr. Breslaw hath it.*" Dinnéar ag tigh an Bhuithléaraigh; d'imigheas go luath; cheartuigheas na promhtha cló san *Hibernian Journal.*

An 14adh lá.—Do scríobhas go dtí an Dr. Ó Tuathail i dtaobh an Chaptaein Tone; scríobhas go dtí Devereux 'ghá chómhairliú dho na tuairimí d'athchlódhadh ceachtar aca i bpáipéar Loch gCarman nó ar láimhbhillí le scaipeadh roimh an gcóimhthionól Conntae. Do bhuail an tAbb liom; dubhairt liom go bhfuil coinne le caraid Tighearna Rawdon anocht; do socruigheadh go ngeobhaidh sé chugam maidin amáireach. Taidhsigheann an tAbb dom bheith imnidheach go bhfaghthaí réimhsheilbh ar an duine uasal san sula dtagadh scéalta bréagacha chuige.

An 15adh lá.—Do ghaibh an tAbb chugam chun a innsint dom gur chas a chara thar n-ais; go bhfuil socraithe go dtiocfaidh sé ach nach deimhnitheach cathain. Léan air mar scéal! Do scríobhas leitir chun Bhárdais Bhaile Átha Cliath i dtaobh a gcuid rún i n-aghaidh na gCatoiliceach agus chuireas Saoránach Protastúnach mar ainm léi. Í tromaidhe go leor; mé go dúr i rith an lae seo go léir. Do scríobhas leitir ag iarraidh síntiús ar Catoilicigh Éireannach i ndúithchí iasachta.

An 16adh lá.—Ag marcaigheacht i dteannta Tom Warren; fliuchadh go croiceann mé; tharraingigheas chuige mar mholadh go raghaimís go léir ar imirce go hAmerica má theipeann ar na gnóthaí seo ar siubhal anois againn. Do mhol go hárd é agus cheap sé go bhfaghaimís go leor Catoiliceach chun dul linn agus maoin lánmhór. Togha plan! Do bheadh P.P. agus a dhearthháir ann; Whitley Stokes 'na Phríomhollamh ar an gColáiste a cuirfaí ar bun ann, ⁊rl. Do bhain meisce do'n Warrenach agus do Mhr. Hutton araon ag trácht ar an scéal dóibh. *Dia le gach duine!*

An 17adh lá.—Tá fear Ghog tar éis bheith ag sireadh fiche púnt airgid orm, gan órdú ó Ghog measaim, mar tá súd imithe i mbun tosca. Freagradh grod a thugas air ach ní fhuair sé aon airgead. Tá sé 'na chíréib diabhail i bParis. Do réab an mathshluagh na carcair agus dheineadar éirleach ar na príosúnaigh go léir, Montmorin, an bhainphrionnsa Lambelle, ⁊rl., go hainscéanúil, bar bardha, ach níor fuaduigheadh cuid aoinne, ach do coisceadh ia ar bhriseadh isteach san teampall agus gan a chur rómpa ach ribí gorm treasna na sráide d'á dheimhniú dhóibh go raibh a ngiúistís féin freagarthach i slánadh an Rí. Dob aisteach an meascadh é ar neamhthrócaire agus ar mhaoithneachas! Do dhéanfadh mathshluagh Éireannach sladfhuadach ach ní mharbhóchaidís duine. Mathshluagh Pariseach, deinid siúd dúnmharbhú ach ní dheinid creach maoine; ciaca is fearr. Tá léith agam féin leis an bhFranncach; is fearúla é. An mathsluagh so againn-ne, dream suarach iad. Ní sheasóchaidís choidhche an fód mar do dhein na Parisigh an 10adh lá de Lughnas. Do thiomáinfeadh gárda sháirsint mathshluagh i mBaile Átha Cliath rómpa.

An 18adh lá.—D'íocas le Gog agus bheartuigheas dom féin ná beadh aon bhaint eile agam leis i gcúrsaí airgid. Fuaireas togha leitre ó'n gColonel (de Barra) mar fhreagradh ar leitir a chuireas féin chuige tamall ó shin. Súil agam an Taoiseach póruasal (Tighearna Rawdon) a thabhairt ar ár dtaobh; níl maith le déanamh d'Éirinn gan *é siúd* d'fhagháil. Is féidir do, dar liom, má's áil leis, bheith ar na daoine is mó le rádh san Eoraip. Dinnéar fé'n dtuaith agam fara Mac Dómhnaill: thaithnigh liom!

An 19adh lá.—Easpog na Gaillimhe, Ó hAodhgáin, ag géilleadh. Tá súil agam go bhféadfaidh Gog é chasadh.

An 20adh lá.—Breoite. Do scríobhas X. Y., ag tromaidheacht ar Ghrand Jury Chonntae an Dúin, agus chuireas ag triall ar Mhac Néighill é. É cuibheasach. Scríobhas greas aoir ar na cinnirí

coiste go léir i gcómhair ceann de na páipéir i mBaile Átha Cliath, chuireas "Fear nach de'n Ghrand Jury" sighnithe leis; é lag go leor. Do scríobhas fé rún go dtí Gog i dtaobh scéil Thighearna Rawdon. Go leigidh Dia an Uilechómhacht go bhféadfam an scéal san a réidhteach.

Meán 21.—Tá fearg ar Bhurton gur foillsigheadh a thuairim agus deir sé gurab amhlaidh atá aige nach maith leis gruaim a chur ar an Sainsiléir. Is suarach san. Socruigheadh a fhógairt gur foillsigheadh gan 'fhios do é. Scannradh ar an bhFíonadóir roimh aon ní a thabharfadh a ainm féin i gceist. Sé fé ndeara an eagla san, do réir mar thuigim, ná gur cuimhin leis roinnt cleasaidheachta dhein sé i gcúrsaí tráchtála agus gur baoghal leis go bhfaghaidh páipéir an Chaisleáin greim ar an scéal agus go dtiubharthar masla air. Suarach go leor. An Fíonadóir am mholadh go mór i dtaobh Vindex agus deir sé, pé cúis atá aige leis, gur mé d'fhuascail é. Fuaireas leitir ó'n Oirmhidneach, Mr. Pléimionn, bhiocáire do'n Dr. Pluncéadach, Easpog na Midhe, go dtugas taithneamh mór do nuair a bhuail sé liom i nDroichead Átha. Tá an Pluncéadach ag déanamh a ghnótha mar dhéanfadh *fear*. Tá orm triocha duilleog de phár, tríocha cóib de'n fhorógradh, seasca de'n phlan, céad is ochtmhó de na tuairimí, i gcómhair conntaethe na Midhe agus na hIarmhidhe a chur amach. Goirm iad! Do bhí eagla ag teacht orainn i dtaobh na gconntaethe sin. *Ça ira!*

Dia Domhnaigh, an 23adh lá.—Do scríobhas an dara leitir ó'n Saoránach Protastúnach. D'éirigh leis an gcéad cheann níos fearr ná mar bhí coinne agam leis, agus ná mar thuigeas ab fhiú é. Ní admhuighim gur liom iad ná ní admhóchad, muna dtéighidh an bhaothuaill i n-uachtar orm, aon ní i bpáipéar go deo. Do léigheas arís paimpléid a scríobhas an geimhreadh so caithte ach nár foillsigheadh riamh. Dob aisteach liom a fheicsint a dhéine bhíos d'iarraidh leithchéad rud a dheimhniú go nglactar anois leo 'na bhfírinní bunaidh. Do ghabhas isteach chun Teach Muighe Rátha; ceapaim ná fuil gradam ar bith annsan dom ó fuairtheas prionsabail agam i bhfábhar an phobail choitchinn. Níl leigheas air. *Níl maith dá luighead do saighdiúir bheith ag casaoid.*

An 24adh lá.—Do chuireas na duilleoga páir, ⁊rl., go dtí Mr. Pléimionn. Do scríobhas iolar de leitreacha, ceann aca go dtí P.P. Cion an-mhór agam ar Ph.P., tar éis dinnéir. Do bhí dinnéar caithte agam. Thugas an tráthnóna san mbaile fé mar dhéanfadh duine sobháilceach. Do scríobhas leitir do'n *Hibernian Journal*

agus an ainm *Senex* léi. Ní drochthoghadh é measaim! agus cheapas greas aoir, leis, ar an Iarthionól ; *Q* a shighnigheas leis sin. É clóchaiseach go maith. Thugas dúramáin ortha.—*Vide my Pamphlet where I call my adversary Goose.* Do cuireadh i n-aithne mé ar maidin do dhuine de dhream na n-uasal, Iarla Gránáird. Taidhsigheann sé bheith soimheanmnach. Is fónta an mac an tAbb, *toujours gai!* Eagla na bPápairí ar Thighearna Muighe Rátha. Measaim ná fuil aon bhuannacht annsúd agam feasta, cé ná 'nneosadh an tAbb dom é. Pé scéal é (gabhann) " *'Tis but in vain for soldiers to complain.*" Tá an t-aithfhriotal san scríobhtha agam sé huaire déag agus dachad cheana agus tá sé úrnua fós ; caitheamh na cruaidhe atá ag dul air agus is ó Ph.P. a fuaireas é féin agus iolar de nathanna fónta eile. Mé sásta thar barr le *Senex* agus le *Q*. " Cad déarfaidh saoithe an tsaoghail lem ráidhte frisćéille." Tá an Saoránach Protastúnach i bpáipéar an lae indiu ach ní airighim aoinne 'ghá mholadh. Is cruaidh sin !

An 25adh lá.—Do scríobhas tuairiscí i dtaobh tionóil Locha gCarman, toisc leitir a fuaireas ó Dhevereux, agus chuireas go dtí an *Hibernian Journal* é. Do chuireas rómham imeacht liom amáireach d'fhéachaint an Aistritheora. Do shíneas gan baint díom i nÓsta i n-aice an chanáile d'fhonn gluaiseacht go luath.

An 26adh, an 27adh, an 28adh lá.—I mBaile Briotais dom. An tAistritheóir fé dhuairceas mhór agus a chúis go maith aige. Do mholas do a chlann inghean a chur ar scoil chun cómhnaithe agus dul i leith a fhortúna ar feadh roinnt míos go Lonndain, i riocht údair, mar ceapaim gur lánoiriúnach chuige é. Dar le duine air do thaithnigh an chómhairle sin leis. Tá a chúraimí i riocht chómh haindeis agus d'fhéadfaidís a bheith agus gur ró-olc an sás an meon atá aige chun na cúraimí sin a chur i dtreo fónta thar n-ais. Tá cinnteacht agus bríomhaire go mór 'na dhíth air ; tá an iomad ann de'n chineáltas a bhíonn i gcroidhe an duine. Mo ghráidhin é!

An 29adh lá.—Níl aon chuid dem cheapadóireacht deiridh san *Hibernian Journal!* Gog tar éis casadh. Do chuas go Mount Jerome* chun bricfeasta. Gach ní go maith san Mumhain. Do scríobhas rúin do Chatoilicigh Luimnighe. Iad go maith. Tá éirithe liom na Catoilicigh a chur ag gearán go bhfuil cánaidheacht ortha agus gan guthaidheachta aca, agus smacht ortha ó dhlithe nár thoiligheadar riamh leo ; Céim mhór chun cinn. Is maith an tslí atá ag Gog chun an cheist a bhreithniú. Is é an suidheamh

* Tigh Mhic Eochaidh

a chuireann sé sin air ná so: tá na Catoilicigh bhochta d'á gcur amach as na feirmeacha beaga atá aca le linn a gcuid léas a bheith caithte agus tá saoirshealbhaigh Phrotastúnacha d'á gcur 'na n-ionad a bheidh i n-inmhe a nguthanna thabhairt leis na tighearnaí talmhan. Slí mhaith í sin ach ní dheineann sé de'n cheist ach cúrsa oiriúna. Deineann mo shlí-se cúrsa cirt de; is ádhmharach go bhfuil cómhardú eatartha agus go dtugaid congnamh d'á chéile. Gradam mór ag Gog dom.

Cómhrádh mór againn mar gheall ar an imeacht go Dún Geanainn. Tá beartaithe ag Gog mar seo: mise a dhul go dtí Seoirse Knox agus a rádh leis dá dtugadh Tighearna Abercorn comaoin a chonganta leis na Catoilicigh agus gabháil air féin bheith 'na Fhearionaid Rí i nÉirinn, go bhféadfadh sé connradh a dhéanamh le Tighearna na Sionna agus a cháirde, agus, dá mb'fhéidir é, leis na Ponsonbaigh, agus rún an ghnótha san *a cheilt ar fad* ar dhream Bheresford. Go bhfuil a leithéid sin de dhroichdheallramh ar chúrsaí na hÉireann gur trúig mhaith imnidhe do Rialtas Shasana iad. Go bhfuil ár lucht riaracháin agus go mórmór Mac Giobúin le n-a gcuid fóirnirt ag cur rudaí i n-olcas; dar ndóigh go ngeobhadh Reachtaire Shasana leis an ndream, agus leis na gníomhartha, a choimeádfadh an tír seo fé shuaimhneas, agus d'á bhrí sin nárbh fholáir a mheas go mbeadh a thoil leis an scéal. Go bhfuil an fuath do dhream Bheresford annso agus gur beag le rádh a gcómhacht phearsanta, ach go bhfuil códhnachas an Rialtais i gcongnamh dóibh, agus dá mbaintaí dhíobh é sin go dtuitfidís láithreach agus ná beadh aon phioc d'á gciach ar an náisiún. Tar éis a chonnradh bheith déanta aige, de thoradh deargbhreabaidheachta, le Tighearna na Sionna, agus nuair a bheidh deimhne aige, leis, ar chongnamh na gCatoiliceach go léir laistiar de agus, ar a luighead, cuid de na Protastúnaigh, ba cheart do a chur i láthair dreama Bheresford guthaidheacht toghadóireachta, ⁊rl., a thabhairt do na Catoilicigh; rud a dhiúltóchaidís, gan amhras ar bith, a dhéanamh; go mba cheart do annsan an dream go léir a chur láithreach as seilbh cómhachta, go raghaidís ar neimhní, mar go raibh fuath na ndaoine ortha agus iad féin ar bheagán cómhachta pearsanta, agus annsan a n-ionaid a líonadh le daoine eile, sé sin Tighearna na Sionna, muinntir Knox, ⁊rl.; le teacht an chódhnachais lánmhóir sin le 'chéile ar a láimh go mbeadh ar a chumas téarmaí connartha a dhéanamh a chuirfeadh aon tsaghas ní i bhfeidhm, go furus; go dtiocfadh de sin, maidir le Tighearna Abercorn, go mbeadh sé ar an bhFearionaid

Rí ba mhó gradam poiblidhe d'á raibh riamh i nÉirinn, agus go mbuaidhfeadh san do go mbeadh aige an Rialtas ba threise a fhéadfaí d'fhagháil ; maidir le Muinntir Knox go mbeadh cómhgar ann dóibh sin chun cómhachta agus móronóra ná buaidhfidís fé'n gcóras atá anois ann, go ceann i bhfad, ná b'fhéidir choidhche ; gur gnó onórach an rud féin, sé sin bronnadh, nó aiseag, a gceart bunaidh ar thrí milliún daoine, ⁊rl.

Sin é cruithdeilbh an chórais atá ceapaithe ag Gog agus tá dóchas mór aige as. Cad é mo thuairim-se air ? Má théighim-se go Dún Geanainn cuirfead an gnó fé bhrághaid Sheoirse Knox chómh comhthrom agus chómh láidir agus fhéadfad é, ach ní mór dom a admháil nárbh áil liom go n-éireochadh liom. Braithim é mar dhualgas orm gach dícheall im chumas a dhéanamh chun saoirse a sholáthar do Chatoilicigh na hÉireann ach dar liom-sa is olc an córas é seo. Ar an gcéad dul síos tá tréigean ceiste an aithleasaithe ann, nó a cur ar athló ní fios cá fhaid, agus de dheascaibh an méid sin bheadh a bhfuil déanta againn le bliain chun caradas a cheangal idir na Dí-aontaigh agus na Catoilicigh curtha ar neimbrí. Ní hamhlaidh a mheasaim go bhfuil aon cheart gearáin ag an gcéad dream aca, mar ná táinig aon chuid aca chun cinn chun seasamh do shaoirse i gcómhair Catoiliceach *ach i mBéal Feirste amháin ;* agus ba bhreallach an gnó do na Chatoilicigh staonadh ó iarrachtaí ar leith a thabhairt mar gheall ar an mbaile sin amháin. Is dóigh liom d'á bhfaghaidís congnamh cóir ó dhream na nDí-aontach go gclaoidhfidís leo, ach is é fírinne an scéil é ná fuilid 'ghá fhagháil. Ar an dara dul síos do neartóchadh sé Rialtas Shasana san tír seo ar feadh tamaill mhaith eile. Lasmuich de ghnóthaí a bhaineann le tráchtáil, mar a gceannuigheann sí sinn le n-ár gcuid airgid féin, ní mór ar fad an chómhacht atá ag Sasana annso fé láthair (1792) ; 'sé a mhalairt go deimhin atá i gceist, ní mó ná gurab é a ndubhshlán a thugann an lucht riaracháin annso, agus i gceist seo na gCatoiliceach, tá éirithe leo tré bhagarthaí iad a chosc ar eadargán a dhéanamh, rud, dála an scéil, a thiocfadh isteach le plan Ghog go maith, ach i bhfianaise an athraithe mhóir atáthar a bheartú is mó an scáth a bheidh ar rialtaisí i nÉirinn feasta aon fhreasabhracht, gan trácht ar bhagairt, a dhéanamh i n-aghaidh Reachtaire Shasana. Ar an treas dul síos thabharfadh sé dream na gCatoiliceach ar fad, tré bháidh bhuidheachais, i gcabhair do'n Rialtas a chuir comaoin chómh mór san ortha agus táim láindeimhnitheach im aigne dhe go bhfuil an iomad cómhachta cheana féin ag an gcoróinn, fé mar

deirtar go mícheart, nó, mar ba cheart a rádh, ag an oiliogarcas, fé'n gcóras so againn-ne; cómhacht í nárbh aithnid dómh-sa go trasta iad d'á húsáid chun aon ní fónta, agus go mba lugha ba dhócha í d'á húsáid aca go ceann i bhfad eile (má tá aon éifeacht im bhreithiúntas) chun aon mhaitheasa, mar dar liom gur méad mór a bheadh tagaithe ar chómhacht Shasana.

Tá na constaicí sin ag teacht im aigne ar láthair na huaire ach caithfead breithniú i bhfad níos géire a dhéanamh ar an scéal. Is mó maith dhéanfadh aon agallamh amháin le Knox ná fiche uath-labhradh mar seo. Bíodh go bhfuil an ceart i ngach constaic aca agam, má's féidir an rud a chur i gcrích, *ceist*, nach éachtach an méadú nirt, agus saoirse féin, d'Éirinn é trí milliún Catoiliceach a scaoileadh ó bhroid? agus, farais sin, bíodh gurab é an chéad toradh bheadh air neart nár chóir a bhronnadh ar Rialtas táir-bheartach, ní fhéadfadh sé sin bheith ró fhada mar sin. Nuair a bheadh taithighe ar chinéal saoirse ar feadh roinnt bhlian ag na Catoilicigh do bheidís ag tosnú ar mhachtnamh, dála daoine eile, go mórmór toisc an bhreis eolais a thiocfadh de nádúir aca i dteannta an chonáigh a bhéarfadh an tsaoirse dhóibh. Is gearr a mhaireann an buidheachas, agus nuair a bheadh an saoghal níos fearr éirithe leo, ní hamháin gur fearr a bheidís iniúil chun breithiúntas a thabhairt, ach is géire bhraithfidís leathtrom droichrialtais, is geall le cainnt fhrithbhríoghach í sin ach is í an fhírinne í. I dteannta bheith 'na bhreitheamh níos fearr, is géire a *bhraitheann* Mr. E. Ó Broin mioscais foirleathan an chórais dona so againn-ne ná mar bhraitheann duine d'á fhearaibh oibre é. Bain feidhm as an macht-namh san. Tar éis gach ní cad ba cheart a dhéanamh? "6 *fá* 12 *sin* 72, síos le a 2 agus beir leat a 7, *féach conus mar a creachtar sinn?*" 'Sé mo thuairim-se dá dtugtaí saoirse do Chatoilicigh, d'aindeoin aon chonnradh a dhéanfaid leis an Rialtas 'na thaobh, ní fada go dtiocfadh dála daoine eile ortha. Pé scéal é ní féidir leo a gclann a chur fé gheasaibh le haon chonnradh (*Vide* Tomás Paine). "*I am puzzled in mazes and perplexed with errors.*"

Is fuath liom aon mhargáintí a dhéanamh le droichrialtas dá mbeadh leigheas air. Ní haon iongnadh go mbeadh na Catoilicigh ag éileamh saoirse agus ullamh chun í ghlacadh ó aon dream a thabharfadh dóibh í. Och! cad 'na thaobh ná fuil an dream san thuaidh eolgaiseach a ndóthain chun ceangal go croidhiúil linn! Annsan go dearbh iseadh dhéanfaí rud éigin. Aithleasú, saoirse ionannas! Do cheanglóchadh na Catoilicigh leo, dar liom; mar

sin féin is cuimhin liom-sa nuair a cheapas gur tóirithe thar leigheas iad, agus níl ocht mí dhéag ó shin annsan. D'á fhaid a mhaireann duine 'seadh is mó a chuid eolais. Cad déarfaí le Diúic Laighean a chur leo. Cara do na Catoilicigh é agus níorbh aon urchar mhillte leis ionad maith d'fhagháil. Is dócha go bhfaghthaí Grattan agus Mac Firbhisigh ach tacaidheacht a thabhairt i dtaobh bille nó dhó a thaithnigheann leo. Is fada uainn fós, dar liom, aon aithleasú Pairliméide agus bheadh an gnó so go léir ag dul chun cinn san eadramh. Ba gheall le bheith ag cruthú dreama é go bhféadfaí rud éigin a dhéanamh díobh. Má thagann na daoine sin isteach beidh, dar liom, Rialtas cuibheasach macánta againn, ach gan aon amhras beidh ceann maith láidir againn. Cad ba chríoch do Mhr. Hutton dá dtárluigheadh mar sin, agus do Ph. P. *"I am lost in sensations of troubled emotions."* Cad déarfaidh Knox leis an scéal so go léir ? An caisleán aeir é nó nach eadh ? Nach deas an diúlach mise anocht, agus nach fiú cianóg mé, ag déanamh uisce fé thalamh chun airí a dhíoláithriú. Ó dhe ! dhe ! dhe ! *"'Tis but in vain,"* ⁊rl.

Meán F. 30, *Dia Domhnaigh.*—Bán.

Deireadh Fóghmhair 1, 1792.—Tá ocht gconntaethe déag indiu tar éis liostaí a gcuid taidhleoirí go dtí an Árdchoiste a chur isteach agus tá naoi gcinn eile 'ghá gcríochnú, agus na bailte móra go léir mar aon leo. Do dheineas ceartú ar rúin na gCatoiliceach ó Roscomáin agus Liathdruim. Iad cuibheasabh go leor. Gach a bhfuil fónta ionnta is amhlaidh a fuairtheas ar iasacht ó chuid Shligigh é a scríobh Mr. Seon Hutton, an cara éifeachtach buan úd do leas na hÉireann.

An 2adh lá.—D'itheas dinnéar fara Gog. Do labhras i dtaobh an rud a bhí beartaithe agam d' *expiration* Dhún Geanainn. Chím gur chuireas a thuairimí sin go cruinn i ndialainn an 29adh lae de'n mhí seo caithte. Do scríobhas leitir fhada go dtí an Colonel de Barra agus í lán de thuairiscí tábhachtacha i dtaobh cúrsaí Catoiliceacha ; do léigheas do Ghog í agus mhol seisean í. Is baoghal liom tar éis an tsaoghail ná beidh sé de chiall ag Tighearna Rawdon a thabhairt fé ndeara cad é mar chluiche breágh d'fhéadfadh sé a imirt annso. Is túisce leis bheith ceangailte as eirball dreama polaitidheachta d'aindeoin go bhféadfadh sé, dar liom-sa, seilbh gach gradama i nÉirinn d'fhagháil fé bhun bheith 'na Rí. Do chuas ar dhálaibh óil i dteannta Ghog agus bhíos súgach ag dul abhaile dhom. Go mbuaidhidh Dia le gach aon neach duine !

An 3adh lá.—Do bhuaileas isteach go Teach Muighe Rátha agus bhuail gach aoinne liom. Do cuireadh fíorchaoin fáilte rómham. Do cuireadh i n-aithne mé do Bhaintighearna Ghránáird agus ghaibh sí cúram na leitre bhí scríobhtha do'n Cholonel de Barra agam uirthi féin. Dinnéar agus cuid mhór fíona. Lá gliogair. Mé breilleshúgach go leor. Nach breágh an bheart agam fé dhó é. Do chuala go rug Diúic Bhrunswick buaidh catha ar Fhranncaigh fé cheannas Dumourier agus go ndearnaidh sé ciollarchiot de'n arm go léir. Tá súil agam gur éitheach é. Má thugann Dumourier cath uaidh claoidhfar go dearbhtha é. Ní ceart choidhche cath a chur ar namhaid ionnraidh. Fan ar imeall aige agus ciap na fóirne tionnlacain, ⁊rl., ⁊rl.

An 4adh lá.—Mé tréithlag breoite de dheascaibh dighe. Do chuas go dtí Gog ag marcaigheacht. . . Tá leitir fachta aige ó Mhaolmhuire Mac Eoin d'á iarraidh go gcuirfaí duine éigin de'n choiste go Béal Átha na Sluagh chun bualadh le huaisle na gCatoiliceach ó Chonntae na Gaillimhe agus Mhuigheo, Cleasaidheacht ar siubhal ag Donnchadh de Brún i Muigheo. Molann sé siúd impidhe ar leith a chur chun cinn agus cáineann sé an plan. Nach diail cineálta é! 'Sé ba mhaith leis sin ná é bheith 'na thearmannaidhe mar 'dheadh do na Catoilicigh, d'fhonn go mbeadh ar a chumas trí milliúin dusara dhíobh a dhíol san gCaisleán. Dúramán gan tréithe gan prionsabail! Ach ní dhéanfaidh sin do. Tá na Catoilicigh annso tar éis dul amach air. Do bhíodh leathadh súl ortha an geimhreadh so caithte nuair a labhrainn-se le droichmheas air, agus é 'na dhearthair do Thighearna, agus 'na Theachta Pairliméide. Tá a mhalairt d'eolas anois aca. Is mór an feabhas ar a gcuid tuairimí é. Tá an Búrcach imithe ó radharc daoine le roinnt laethannta agus ní fios cár imigh sé. Ach ag tagairt do Mhuigheo. Do socruigheadh go raghainn féin agus Tom Warren, agus Rághnall Mac Dómhnaill má fhéadaimíd teacht air, go Béal Átha na Sluagh amáireach chun na huaisle Catoiliceacha san gconntae sin agus i nGaillimh d'iompódh chun creidimh. Tá eagla ag Gog roimh *bairrlíntí fliucha*. An é sin dáiríribh fírinne an scéil? Is cuma é, raghaimíd ann d'á iongnais. Do chuas chun tighe Mhic Dhómhnaill ach ní raibh sé le fagháil agam ann.

Tá milleadh déanta ag an dturas so ar thuras eile a bhí beartaithe agam i gcómhair an tSathairn go Ráth Cobhthaigh mar a bhfuil gnóthaí móra le bheith ar siubhal. Tá cuireadh fachta ó'n Ruadhánach ag Mrs. Tone agus agam féin chun bualadh le Síomon Buithléar agus *Sans Culottes* eile. Níl leigheas ar an scéal. " Níl maith d'á

luighead do shaighdiúirí," 7rl., caithfear gnó poiblidhe a dhéanamh pé rud a dhéanfaidh pléisiúr agus aoibhneas díomhaoin. Do shocruigheas le Warren an baile d'fhágaint amáireach ar a dódhéag. " 'Sé seo an chéad uair gur cuireadh toscaireacht ar leith ar ionchaibh Mhr. Hutton." Conus a ghnóthóchaidh sé? Tá leitir fachta ag Gog ó'n Iacobíneach, ag moladh Mr. Hutton san ngréin. Tá scéal ag gabháil leis sin. Coimhcheilg idir an Iacobíneach agus Mr. Hutton d'fhonn gradam na gCatoiliceach a tharrang ar an dara duine de'n bheirt, Do gabhadh Gog bocht san líon. Tá san go maith. Do chaitheas té fara Hamilton Ó Ruadháin, a thaispeáin dom leitir a bhí scríobhtha aige go dtí Tighearna Abercorn agus trí ceathrúna innti de'n phlan atá léirithe cheana san dialainn seo. Is aisteach an scéal go bhfuil sé féin agus Gog chómh cruinn ar aon aigne agus gan iad i bhfios aigne a chéile. Níl aon deimhniúchán tagaithe mar gheall ar an mbuaidh a rugadh ar Dumourier. Tá súil le Dia agam gur bréag é. Breoite go leor!

An 5adh lá.—Ní féidir do Thom Warren dul go Béal Átha n Sluagh de dheascaibh a mhná bheith díreach ar barraoid a luigh seolta. Maith go leor! Do scríobhas rúin i gcómhair conntaethe an Dúin agus Lughbhaighe. Gan coinne ar bith do thairg Tom Braghall dul go Béal Átha na Sluagh. Caithfear gluaiseacht. Máiseadh, líonas mo chuid piostal agus dhingeas mo mhála taistil. N.B. Tá tuairisc ar imeachta míorbhailteacha an turais úd le faghＡil i leabhar— mar a bhfuil mininnsint ar "eachtraithe gáibhtheacha ar muir is ar tír: ar ár ngabháil ag an namhaid míonáireach, ár ndíol chun moghsaine, agus ár saoradh ó'n ngábhadh sin." 7rl., 7rl.

XI

ULLMHÚCHÁN I gCÓMHAIR CÓMHDHÁIL NA gCATOILICEACH, 1792.

1792—DEIREADH FÓGHMHAIR 5 GO SAMHAIN 20

Turas go Béal Átha na Sluagh. Cruinniú d'uaisle na Gaillimhe agus Mhuigheo chun an córú nua a chur ar bun. "Leitreacha Chesterfield." *Bean an tighe ósta. Oideachas do shagairt i nÉirinn. An Dr. Bellew. An Captaen Sweetman. Cómhrádh le Knox i dtaobh scéim Mhic Eochaidh. Soillse cómhgháirdis leis an bhFrainnc. Cruinniú ag Catoilicigh, Deireadh Fóghmhair* 31, 1792. *Dinnéir. Ól. Óglaigh agus íomháigh an Rí Uiliam. Whigeanna an Tuaiscirt do ghabhdil le rúin do cheap Tone. Deacracht a chur ar chonntaethe áirithe taidhleoirí a cheapadh chun na cómhdhála. Ullmhú an díleagra do'n Rí. Iomarbháid 'na thaobh. Cipe nua Óglach do Bhaile Átha Cliath.*

Dialann ar imeachta Mhr. Seon Hutton i gcaitheamh a thurais chun Connachtaigh, agus muinntir na Gaillimhe agus Muigheo go sonnradhach, a iompódh chun fírchreidimh polaitidheachta.

Deireadh Fóghmhair 5, *Dia hAoine*, 1792.—Do ghluaisigheas ó Bhaile Átha Cliath ar a hocht a chlog tráthnóna i gcóiste taistil i dteannta Mhr. Braghall, an té gur gnáthach T.B. a thabhairt san dialainn seo air. Fuaireas lánchuid deaghchómhairlí ó Ghog ar maidin agus thuigeas go soiléir uaidh go mba mhaith leis mé do dhéanamh stocaireacht air féin i gConnachtaibh. Do bhain eachtra dhúinn. Triúr de ropairí bóthair do stop sinn láimh le geata na páirce agus do bhagair an tiománaidhe a chur de'n tsaoghal dá leomhadh sé corruighe. T.B. go calma, Mr. Hutton mar an gcéadna. Do scaoil Mr. Hutton cainnt mhór bhagartach fé na ropairí úd agus d'órduigh de ghuth mhórúdarásach do'n ara tiomáint leis. Tar éis cómhairle trí nóimeat a chaitheamh leis d'éirigh an triúr *voleur* as an ngnó agus ghluais an cóiste. Dá leanaidís d'á láimh do lámhachfaimís cuid éigin aca óir bhí airm ar fheabhas againn. Do bhí Mr. Hutton go fústarach, b'é 'chéad aidhm a bhuail é ná léimeadh amach

ar an mbóthar agus cómhrac a dhéanamh de chois; is aisteach é, ach ní bhuaileann eagla é nó *go mbíonn an baoghal imithe;* is mó ghoill an scéal air i gcionn ceathrú uaire a chluig ná le linn na hiomarbháidhe; bhí sé misniúil go leor agus do dhéanfadh troid, ach b'fhearr leis leigean do. Áthas orm nár mharbhuigheamar aoinne de na cneamhairí. Dar liom ba shaighdiúirí iad. Thiomáineamar linn go Cionn na nGad; eachtra eile annsan! Do bhris an carráiste ar a trí ar maidin, b'éigean dom teacht amach san bpluda agus an carráiste a chongbháil anáirde lem chabhail le linn do'n bhuachaill bheith ag cur an rotha fé; mé lán de smearadh agus de phluda; duairc go leor! Do shroicheamar Cionn Átha Gad tar éis a ceathair; míothráthúil go maith!

An 6adh lá.—Do ghluaisigheamar ar a hocht; mé tinn d'uireasbhaidh codlata; theagmhuigh an Dr. Frainnseach linn, Easpog Catoiliceach na hAille Finne, i mBéal Átha Luain; thaidhsigh sé gur duine meanmnach é, agus tréithe duine uasail go follus ann. Ní mór le rádh T.B. i gcarráiste taistil; é deireannach againn ag teacht i mBéal Átha na Sluagh agus is le duadh a fuaireamar leabthacha. Do bhuail Mr. Ó Lorcáin, an Sagart Paróiste, liom, dúramán duairc oitir, ach é go síbhialta mar ab fhearr ab eol do. Do thuit a chodladh ar Mhr. Hutton i láthair cuideachtan. Do bhí an biadh go holc; an fíon mar bheadh nimh; an leabaidh go rí-dhona; an scéal go holc ar gach slí; thuit mo chodladh orm d'aindeoin deich míle fothrom; b'fhearr liom go n-éireochadh an duine anáirde annso as an bpíb uileann, agus na daoine atá ag ól san tseomra im aice as an amhránaidheacht, agus an bheirt atá i n-aon leabaidh san gclóistín as an srannatarnaigh; och ón, och! 'Seadh tá ciúnas fé dheoidh ann, 'san diabhal dóibh.

An 7adh lá, Dia Domhnaigh.—Fios fachta agam gurab é toradh díchill Mhr. Ó Lorcáin ná fuil aoinne soláthraithe aige chun bualadh linn—an daoiste. Do chuireamar féin fios ar dhuine nó dhó go raibh aithne ag T.B. ortha agus ghealladar teacht ar chuid de mhuinntir Mhuigheo dhúinn tar éis Aifrinn an dódhéag. Bricfeast. Thug an dáileamh stéig mhairt chugainn agus í friochta ar mhórchuid uiniún, beatha chóir ach ní thaithnigheann liom-sa. Fuaireamar cuireadh dinnéar a chaitheamh i dteannta roinnt Chatoiliceach; cad a thiocfaidh de ní fheadar? "*Tis but in vain,*" ⁊rl.

Do bhuaileas amach agus bhuail Mr. Peadar Ó Loingsigh linn. É fuarcháirdiúil nó beagán eascáirdiúil. Tá Donnchadh de Brún tar éis bheith ag séideadh fé agus tuigfaí air go bhfuil neamhfhonn

air éisteacht a thabhairt dúinn. Do casadh Mr. Pádraig Ó Loingsigh linn ; fuaire annsúd, leis ; labhramar leis agus thugamar ar ár dtaobh é. Do gheall sé tionól d'uaisle Mhuigheo a thabhairt le 'chéile amáireach ar a trí a chlog. *Bon.* An Taoiseach Ó Dómhnaill ; ní heol do-san aon ní i dtaobh polaitidheachta. Séamas Pluncéadach; goirim é ! Do gheall súd dul ameasc mhuinntir Mhuigheo an tráthnóna so agus iad a bhreith leis amáireach ; gheall sé, leis, Peadar Ó Loingsigh a thabhairt ar ár dtaobh ; duine mór é sin, do réir deallraimh, ameasc na gCatoiliceach. Deir seisean go bhfuil na toghadóirí paróiste ceapaithe cheana i Muigheo. Dinnéar againn i dteannta na gCatoiliceach ; é chómh duairc leis an diabhal buidhe féin ! Doilbheas ! Gruaim ! Chun leabthan ar a naoi a chlog i gcró cúig dtroighthe fá chúig ; mallacht ar na píobaí sin !

An 8adh lá.—Bricfeast. Stéig mhairt agus uiniúin arís. *Imighidh, a leoithní tláithe.* É cúmhra deas. Do chuas go bhfeicinn an t-aonach ; suaitheantas mór bullán ann. Is é aonach eallaigh is mó san Eoraip é, ach aonach amháin san Ungáir, adeir T.B. liom. Is maith liom, maidir le fiosracht, go bhfuil sé feicithe agam, ach is é bun agus barr an scéil é gur scéal díombáidhe dhom é, dála gach duine go mbíonn súil aige leis an iomad. Do díoladh tuairim 70,000 caorach. Aonach éadtrom dob eadh é seo fé eallach ach bhí fiacha maith ortha. Is cosúil go bhfuair Séamas Pluncéadach muinntir Mhuigheo go fuairthéidheach ; níl leigheas air ; "*Tis but in vain,*" ⁊rl.

Do chuas ar a trí chun teagmháil le huaisle na Gaillimhe agus Mhuigheo ; bhí uimhir mhaith daoine cruinnithe rómham. Do bhí Sir Thomás Frainnseach 'na chathaoirleach ar an gcruinniú, fear breágh óg agus ómós do ameasc Catoiliceach *de son pays*. *Bon.* Thug an Braghallach tuairisc fhada, fhiarlaoideach, sheachmallach, dona uaidh ar imeachta an Árdchoiste agus i dtaobh an tosca thug annsúd sinn. Do labhair Mr. Hutton 'na dhiaidh agus is ar éigean gurbh fhearr é. Ní mór an éirim óráideachta atá san duine sin chun aitheasc a thabhairt i bhfuirm, bíodh gur cómhráidhtidhe cuibheasach maith é. Cad é an fáth atá leis sin ? Is é cúis é, dar ndóigh, ná nach eadh amháin go bhfuil sé neamhthóirtéiseach, ach go bhfuil sé cúlmhánta 'na theannta, agus gur náireach san. Is fearr fé thréithe Mr. Hutton, agus níl amhras ná gur fearr a chuid foghluma, agus níl ceist ar bith ná gur fearr a chuid eolais ar an ngnó a bhí ar siubhal ná cuid aoinne d'á lucht éistigh ach, bíodh san, ní ró mhaith an bheartaidheacht a dhein sé. Pé scéal é, do rith leis, ach níor fhág san an duine uasal móréifeachtúil úd sásta. Ní cainnteoir

maith go staidéar mór agus síorthaithighe; caithfidh sé dícheall agus leasú a dhéanamh ar an scéal agus an ruaig a chur ar an ndobháilce sin neamhthóirtéise atá ag cur scamall múchta ar ghléire agus ar ruithne na dtallann atá ó dhúthchas ann! D'á mhéid seachmall agus fiarlaoid atá ag baint leis an nós atá ag Gog do bhuaidhfeadh sé go fairsing ar Mhr. Hutton, agus gur mór an náire sin do'n dara duine úd.

Do luaidh Sir Tomás Frainnseach dhá adhbhar míoshásaimh a bhí aige féin—an chéad cheann díobh: an chuid sin de'n imleitir mar a n-abruightar go bhfuil Tighearna Fine Gall taobhach leis an bplan, agus go raibh fios maith fachta aige féin ar údarás inchreidte (na Bellewigh (*Raispíní*) agus an Dómhnallánach ó Bhaile Uí Dhómhnalláin, do réir mar thuigimíd) gur tré mhíothuigsint adubharthas an méid sin munarbh éitheach toiltiúil é; an dara adhbhar, go raibh an coiste tar éis cómhacht a ghabháil chuca féin, fé'n gcóras nua, chun cómhaltaí a bheadh míriartha a dhíbirt Nuair a léirigh Sir Tomás Frainnseach na fátha míoshásaimh sin g cruinn oscailte mar sin thugamar-na freagradh air. Mar gheall a an gcéad cheann d'innseamar mar bhí an scéal agus luadhama admhú Liam Bellew i láthair na n-easpog go léir an t-aonú lá déag de mhí Mheán Fóghmhair seo caithte; leitreacha an 'c Eonaigh, Uí Aodha agus Devereux agus, 'na dteannta san, fianaise Mhr. Séamas Pluncéadach a bhí do láthair, agus iad uile ag treisiú le fírinne an ráidhtis agus an Árdchoiste, agus dar ndóigh ag díthiú creidiúna ins na coir a chuir muinntir Bhellew 'nár leith. Maidir leis an dara fáth casaoide, léirigheamar ó'n gcóras féin ná raibh aon chómhacht ruaigthe d'á leithéid ag an gcoiste, ach go raibh sé de chómhacht ag na toghadóirí a dtaidhleoirí d'athghairm.

Do bhí Sir Tomás agus na daoine eile go léir sásta i dtaobh an dá scéal, agus do cinneadh ar an Satharn, an 20adh lá, agus ar an nGleanntán, mar thráth agus ionad chun taidhleoirí a thoghadh, agus beidh Sir Tomás Frainnseach ar dhuine aca-san, agus is maith an chúig é sin buaidhte. Ní raibh aoinne ó Mhuigheo do láthair ach Mr. Séamas Ó Loingsigh ó Chuilinn. An Pádraig Ó Loingsigh a dhein coinne linn, d'fhan sé uainn mar shásamh d'á fhear gaoil, Mr. Peadar Ó Loingsigh atá 'na dhuine shaidhbhir agus súil ag Pádraig le rud a bheith d'á bharr aige. Labhramar le Mr. Séamas Ó Loingsigh agus d'innis dúinn go mbeadh rása Chaisleán an Bharraigh ag tosnú Dia Sathairn seo chugainn agus go gcasfar uaisle Mhuigheo go léir le n-a chéile ann agus níl amhras aige ná go dtoghfaidh siad

taidhleoirí. Dar le duine air níor thaithnigh leis go mbeadh stiúrú na conntae go léir fé Mhr. Donnchadh de Brún ná Mr. Peadar Ó Loingsigh, ná aon duine aonair eile. Meon maith, agus bhíomar-na ag moladh leis. Do scaip an cruinniú agus bhí sásamh ar gach n-aon. Tá treo críochnaithe ar Chonntae na Gaillimhe anois agus Muigheo féin go measardha maith. Is iad súd an dá chonntae Catoiliceach is mó i nÉirinn agus is ionnta atá togha agus rogha uaisle gCatoiliceach. Do bhíodar go dtí so beagán i n-aghaidh an Árdchoiste mar gheall ar an droichspioraid arstocratachta atá tar éis oiread san de mhioscais easaontais a dhéanamh ; ach tá súil againn go bhfuil an Caisleán ruagtha againn as Conntae na Gaillimhe, agus is é ár dtuairim láidir go bhfuil an rud céadna déanta againn i Muigheo. *Ça ira !*

An dinnéar go han-dona. D'imigheas liom go luath dom chró suain agus chromas ar *Chesterfield's Letters* a léigheadh, mar is mór an taca agam iad i n-aghaidh an *ennui*. Diabhal rifínigh ab eadh an Tighearna uasal ; molann sé d'á mhac ionnsuidhe a thabhairt fé Mhadam de Blot de bhrí go bhfuil grádh d'á céile fós aici, d'aindeoin í bheith bliain pósta. Mallacht na fola air, an raispín ! Ba bhreágh liom bheith ag gabháil de chosa ann. Ní mheasaim dom féin níos mó sobháilce bheith ionnam ná i ndaoine eile, ach is fada uaim cuimhneamh ar aon chuirbtheacht fhuaraigeanta mar siúd de dhruim tola. Go dtí gur léigheas an leitir mhíochlúmhail so thuigeas im aigne gur bréigcheapadh uathbhásach an té Bhalmont i *Les Liaisons Dangereuses*, ach chítar anois dom go raibh an mian i dTighearna Chesterfield bíodh ná raibh, b'fhéidir, an gus ann chun bheith 'na chladhaire chómh cruthanta leis. Is chun maitheasa do Ph. P. atá an méid seo d'á scríobhadh agam, agus b'fhéidir dom mhac má mhaireann sé chun na meamraim seo a léigheadh choidhche. Tuairim bliain d'aois atá anois aige agus is mithid dómh-sa bheith ag cuimhneamh ar conus a aigne agus a chuid prionsabal a dheilbh-eadh. Ní mholfad choidhche dho bean a charad a thruailliú toisc oiread de'n óinsigh a bheith innti is go mbeadh grádh d'á fear aici. Is táir, táir é ! Tagann olc orm leis an scéal. Is é an triochadú leitir aca é, an dara imleabhar, go bhfuil an deightheagasc aithriúil sin innti. Is é fáth atá agam le n-a luadh go sonnrádhach de bhrí gur rud chómh míonádúrtha san é go mba mhaith le duine ná féadfadh a leithéid bheith i gceist. Tá deallramh aige le scéal Sykes agus Mrs. Parsló ; raispín eile. Tá seanmóir cluain déanta agam de agus raghad a chodladh. Go dearbhtha deimhin tá an iomad ráidhte

agam, ach cad é an ní is fearr d'fhéadfainn a dhéanamh san ósta díblidhe seo!

An 9adh lá.—Tá Séamas Pluncéadach le dul go dtí an cruinniú i gCaisleán an Bharraigh agus le bualadh go dtí an Tighearna Dilliúnach ar an mbóthar do le hintinn an Tighearna d'iompódh linn tré nochtadh a dhéanamh ar an gcluiche atá d'á imirt ag Donnchadh de Brún d'iarraidh a bheith na chinnire ar Chatoilicigh Mhuigheo d'fhonn go mbeadh cómhacht a dhóthain laistiar de chun dubhshlán a thabhairt fé'n Tighearna Dilliúnach. *Capot me ach go bhfuil deallramh air!* Pé scéal é beidh an Pluncéadach gan teip ar na rásaí agus níl amhras aige ná go mbeidh friothtuairisc le fagháil ó Chonntae Mhuigheo. *À la bonne heure!*

Tá céad leitir scríobhtha ag T.B. go dtí daoine iomdha; níor scríobh Mr. Hutton a bheag ach ceann oifigiúil chuig an Árdchoiste. Bille ainspianta le híoc againn! Giní ar mo chró codlata, gan fuinneog gan ionad teine, thar ceann dhá oidhche. Ó dhe! dhe! Cad é an chríoch a raghaidh ar an saoghal? Och, a Inghean Uí Chultháin, a Inghean Uí Chultháin, cá bhfuil do choinsias? Ach ní haon mhaith bheith ag cainnt. Caithfar íoc. Máiseadh (gabhann "*Tis but in vain for soldiers to complain.*"

Ní tháinig aon leitreacha ó Ghaillimh. Muna dtagaidh leitreacha leis an bpost so ó Bhaile Átha Cliath chun sinn a chur ar atharrach intinne gluaiseocham chun Béal Átha Luain ar a cúig tráthnóna. Tá Mr. Hutton dóthanach go maith de Bhéal Átha na Sluagh le linn aonaigh. Go dearbhtha deimhin is damanta an ball é. Do chaitheas dinnéar fara Séamas Pluncéadach agus ochtar de bhuic na Gaillimhe. Iad go léir go lághach, ach iad spadánta thar fóir. Trácht ar hanidiceapáil, geallchur, rásaí capall, malartú. Ní fheaca a leithéid de radharc riamh, agus tá súil le Dia agam ná feicfead arís. Níl aon chóiste go Baile Átha Cliath le fagháil.

An 10adh lá.—Níl cóiste ar bith fós ann. An bhean tighe deaghchoinsiasach so againn, í ag éileamh a dódhéag ar bhuggy go Béal Átha Luain. Nach í an Iúdaidheach í, an spriúnlóir! Is baoghal go gcaithfeam é fhostadh tar éis na mbeart, ach do chinneamar fanúint go dtí n-a dódhéag a chlog agus iarracht a thabhairt ar shuidheachán a bhaint amach ar charráiste na leitreach. Thugas turas an bhaile im mhaide croise do Th.B. bocht go bhfuil bacaighe air. Fiosracht aisteach annsúd chun an uile shórt postaerí a léigheadh. Beagán de'n aistghil chéadna ag baint le Mr. Hutton. Tháinig carráiste na leitreach agus é folamh. Do shuidheamar isteach agus siúd linn.

Níor bhain eachtra ar bith dhúinn. Do bhaineamar Baile Átha Cliath amach ar a naoi ar maidin.

Deireadh F. 11, 1792.—Éitheach mór an scéal úd i dtaobh Dumourier. Husá! husá! Tá an Brunswickeach agus a shluagh airm d'á gcailliúint le galar buinnighe agus iad ag teicheadh as an bhFrainnc agus Dumourier ar a dtóir. Husá! Dá mbuaidhtaí ar na Franncaigh bheadh ár bport-ne seinnte. Tá gach ní i dtreo mhaith do'n ghnó so againn-ne. Husá!

An 12adh agus an 13adh lá.—Níor cuireadh aon ghnó chun críche. Tá a thuille deighscéal ó'n bhFrainnc. Tá Custín tar éis trí míle Gearmánach agus Spires do ghabháil—husá!

An 14adh lá.—Dinnéar fara Magog: togha duine; fearr go mór é ná Gog. Pápaire Gog. "Is mór atá ar cumas fíona." Do mholas na hóglaigh d'aithbheochtaint san gcathair seo. Dar le Magog is ceart go mbeadh míle Catoiliceach againn um an 17adh lá de Mhárta so ag teacht. Socruigheadh go dtosnóchadh súd ag cásamh earcach gan mhoill agus leanúint de ar feadh an gheimhridh. Má éirigheann leis éireochaidh sé as an bpost rúnaidheachta atá aige fé Choiste na gCatoiliceach, agus tosnóchaidh 'na óglach singil. Mo ghoirm é! Cómharthaí maithe iad san. Is dearbh gur óglachas airm a dhéanfaidh leas na hÉireann thar n-ais arís. Ba mhaith an rud míle go leith fear a bheith i mBaile Átha Cliath. Culaithéidí glasuaine, ⁊rl.

An 15adh lá.—Leitreacha ar fheabhas ó Chonnachtaibh. An scéal go maith annsan. Níl baoghal ar Ghaillimh ná ar Mhuigheo. Leitir ó Ph.P. Tá formad aige le Dumourier agus le n-a chlú, agus é beartaithe aige dul do'n Fhrainnc agus gníomhartha an Diomocrataigh mórchlú úd a shárú. Tá ag iarraidh mo chómhairle-se, ar bheith d'á aigne socraithe aige; agus fios uaidh 'na theannta san an bhféadfainn cabhrú leis chun leitreacha molta a sholáthar do. Duine bríomhar iseadh P.P. agus lán an chirt aige. Dá mbeadh Mr. Hutton gan pósadh d'imeochadh sé féin chun ionad Kellerman a ghabháil. Caithfead an Ciardhubhánach a chásamh d'iarraidh leitre i gcómhair Chondorcet; Wogan de Brún, leis, Hamilton Ó Ruadháin agus Eadbhard Ó Broin, an Fíonadóir, d'iarraidh leitreach i gcómhair Pharis. P.P. bocht; fear breágh. "*I have drunk medecines. The rogue hath given me medecines to make me love him.*" Is truagh liom P.P. ach molaim go mór an rud atá curtha roimhe aige, agus a mhisneach. Rug sé barr ar fhearaibh an domhain leis an stuif a scríobhann sé. Bíonn gach leitir leis ar fheabhas.

An 15adh lá.—An Fochoiste. Do léigheas an freagradh bhí

ceapaithe a thabhairt ar na Grand Júraithe. Do moladh a lán athraithe. Socruigheadh go dtiubharthaí cóimhthionól coitchionn de Chatoilicigh Bhaile Átha Cliath le 'chéile, Gog a mhol agus a dhein a thathant ortha, le fonn a fhógartha féin. Maith go leor. Is feairrde an chúis é. Is féidir áis a bhaint as baothuaill Ghog uaireannta fé mar atáthar a bhaint anois. Do cuireadh Emmet i n-aithne do'n Fhochoiste. Dubhairt cách *Ó* leis agus is maith atá a ndeighmheas tuillte aige. Is é Emmet an cara is fearr d'á bhfuil ag obair ar son saoirse do Chatoilicigh, sé sin gan Mr. Hutton d'áireamh. Is fiú beirt de leithéid Stókes é, nó deichniúr de shaghas Burrowes, nó céad de chinéal an Draidhneánaigh. Do chaitheas dinnéar i dtigh Mhic Dhómhnaill, an clódóir. Dream deaghthoghtha ann, Éireannaigh Aontaithe iad uile. Do hóladh roinnt de shláintí maithe. Mr. Hutton 'maith-go leor.' Dia le gach aon neach duine!

An 16adh lá.—Tá an Dr. Bellew, Easpog Chill Allaidh ag lor síntiúsaí chun coláiste ar leith do Chatoilicigh a chur ar bun gConnachtaibh. Molann Mr. Hutton cur leis an scéal agus oideacha do sholáthar san mbaile do'n chléir Chatoiliceach go léir, rud is fonn leis le fada a chur chun cinn. Níl amhras ná go dtiubhradh a lán Protastúnach airgead i gcómhair gnó chómh ciallmhar, tairbheach; agus an Iolscoil, agus na hÉireannaigh Aontaithe, ⁊rl. Do socruigheadh go raghadh T. Braghall agus Mr. Hutton chun cainnte leis an gCiardhubhánach, feallsamh, i dtaobh an bheartú oibre so. Dá gceaptaí córas fónta raghadh sé i bhfeidhm uaidh féin; rud dearóil iseadh atá ceapaithe ag na hEaspoig Catoiliceacha agus toirt ró shuarach ann. Do dhein Gog agus Mr. Hutton cur agus cúiteamh i dtaobh an scéil seo cheana le linn dóibh bheith ar a dturas deiridh do'n Tuaisceart. Tá tuairisc air sin i ndialainn an turasa san. Ba bhaoghal le Gog go mbeadh an chléir 'na choinnibh. B'é tuairim Mhr. Hutton go mbeadh d'iachaibh ortha géilleadh de dheascaibh na gcoláistí san bhFrainnc do scaipeadh, agus ar an slí sin féin, fé mar thárlaidh i ndeich míle slí eile, go raibh tairbhe déanta d'Éirinn ag an Réabhlóid. Do sheachain Gog an scéal; tré chlaonchineáltas le heaspoig agus le sagairt Chatoiliceacha; bhí sé 'ghá leigean air gur le polaitidheacht é, ach is dearbh go bhfuil roinnt pisreogachta laistiar de'n scéal. Níl oiread agus ruainne de'n díth céille sin ag baint le Magog agus Warren. *Dar liom-sa is gnó róthábhachtach é an scéal so an oideachais, ar mhíle fáth go ndéanfad áireamh ortha ar ball.* Tá súil agam go gcuirfidh an Ciardhubhánach le 'chéile scríobhthuairisc ar an ní atá beartaithe.

Leitir aisteach ó'n mBúrcach atá i gCorcaigh. Pé aca maith nó olc leo é tá beartaithe aige-sin bheith 'na thimthire feadhma dhóibh. Tá, gan bréag ná magadh, ropaireacht déanta ar an gCoiste aige. Tá deiliús ann thar a bhfeaca-sa riamh, agus is mó ná san a bhaoth-uaill. Tá sé de cheannísle ann a rádh ná beidh leas na hÉireann ar fagháil ach tré é féin a bheith rannpháirteach i gcogarchómhairle na gCatoiliceach, agus breabhaidí ainspianta eile d'á leithéid sin. Do chuir an míomhúineadh síor san iongnadh agus olc ar na Catoilicigh, agus chinneadar go scríobhfadh Gog chuige d'á rádh leis *nach é* is timthire do na Catoilicigh agus, má's áil leis-sin é, go bhfógróchaidh an coiste an méid sin ins na páipéir. Ní fhéadaim gan a chur i n-úil an urraim mhór atá agam do'n mhala neamhnáireach atá air, a sháruigh a raibh riamh ar an saoghal. Ní staonfaidh sé nó go gcuiridh sé d'fhiachaibh ar an gcoiste é fhógairt maille " rabhadh do gach n-aon gan iontaoibh a thabhairt leis, mar, ⁊rl." Is mór an giolla mí-áidh é gan aon amhras. *Vide* an dialann seo i gcómhair Lughnasa 3, 5 agus 6.

An 18adh lá.—Do chaitheas an tráthnóna fara 'n gCiardhubh-ánach. Do bhítheas go soilgheasach ach ní dearnadh tagairt ar bith d'ár gcóir oideachais. Do chuala gur dhiúltuigh na Dochtúirí Treo agus Ó Raghallaigh, Árdeaspog Catoiliceach Átha Cliath agus Príomhaidh na gCatoiliceach, aontú le haon chóras coitchionn. Mallacht ortha, na fearmadóirí dalla.

An 19adh lá.—Ní dearnadh pioc.

An 20adh lá.—Do cuireadh i n-aithne mé do'n Chaptaen Sweetman ó Loch gCarman. An óráid a thug sé i láthair an Fhochoiste is amhlaidh a léigh sé é ; do glacadh d'aon ghuth leis agus do hiarradh go gcuirfaí i gcló é. Tá sé ar an rosc cainnte is fearr d'á gcuala riamh i gcómhair an phobail, agus é tuillte lán de dhroichintinn thar barr do na Sasanaigh. Do bhí an Sweetmanach 'na Chatoiliceach tráth agus thug seal seirbhíse i mbriogáid na nÉireannach i gcipe an Bhreathnaigh ; é 'na Phrotastúnach agus 'na Chaptaen i seirbhís na Sacsan agus 'na shaorghabháltaidhe i gConntae Lochg Carman. Thug sé turas ar America, na hIndiaithe thoir, ⁊rl.

An 21adh lá, Dia Domhnaigh.—Do chaitheas dinnéar arís fara 'n bhFíonadóir, agus mórchuid cuideachtan. Do bhítheas go mór-shoilgheasach ann. Tá fuath lánchroidhiúil ag an bhFíonadóir do'n Rialtas so againn. A chlann inghean go soimheanmnach. Do bhí Maighistreás Atkinson ann. Mr. Hutton 'na dhailtín ! . . .

inspéisiúil . . . ⁊rl. Mr. Hutton 'na ghaige ainspianta. D'fhan sé go deireannach ann.

An 22adh lá.—Do chaitheas dinnéar fara Mac Dómhnaill. Tá mo mhac oidhreachta tagaithe do'n chathair. Mé san mbaile go luath.

An 23adh lá.—Ag obair i dteannta Emmet ag ceapadh freagartha le tabhairt ar na Grand Júraithe. Tá Gog breoite le trí nó cheithre laetheannta agus ní dearnadh gnó ar bith. Do chuas chun dinnéir fara'n Sweetmanach ag an bhFaithche, agus uimhir mhaith eile. Níl ar siubhal agam ach ag caitheamh dinnéar leis an gCatoiliceach so agus leis an gCatoiliceach úd ; obair dhíomhaoin go leor. Tá sé d'á thaidhreamh do Mhr. Hutton éirghe ar fad as ól fíona. Tá an Stokesach tar éis filleadh ó Albain. Do chuaidh sé an-ghoirid d'é bháthadh mar go ndearnadh luingbhriseadh ar an árthach ar a raibh sé ar imeall na tíre thuaidh. Ba mhíle truagh dá mbaineadh san do. Tá an Stokesach ar an duine is fearr ceann agus croidh d'á bhfuil ar mh'aithne, agus tá oiread gradama agam do agus tá agam d'aoinne beo.

An 24adh lá.—Do chonnac na rúin ó'n nGaillimh. Dhá cheann aca go dona, iad ag tromaidheacht ar an bhFrainnc. Seo cuid de dhíth céille an Loingsigh. Cad chuige ná leigfeadh sé do na Franncaigh 'san diabhal do ? Chun bricfeast i dteannta Sheoirse Knox. Cómhrádh an-fhada againn mar gheall ar an ní a bheartuigheamar chun Aireacht nua a cheapadh (féach an dialann seo i gcómhair Meán Fóghmhair 27*). Do thaidhsigh Knox gur ghaibh an scéal greim air. Do dhein sé scrúdú mion ar an gceist. Do socruigheadh ar deireadh Mr. Hutton d'á innsint do Ghog gur labhair sé leis an Knoxach, nach féidir leis sin, an Knoxach, aon ní deimhnitheach a rádh i dtaobh gnótha chómh mór leis siúd ach, san eadramh, nach aon ní caillte do Ghog agus d'á dhream é fios an scéil a thabhairt do-san. Do chaitheas dinnéar fara m'athair.

Do chuas de chois im láinéide catha go dtí Gog tráthnóna agus d'innseas cad é an toradh bhí ar mo chómhrádh leis an Knoxach. Áthas thar na beartaibh ar Ghog. Do bhí sé 'ghá naisceadh orm dul chuig an Knoxach ar maidin agus a chur air Tighearna Abercorn a thiomáint ag triall ar Phitt. Díchéillidhe go leor san ag Gog. É 'ghá bheartú dul chun agallaimh leis an Knoxach. Thug Mr. Hutton druim leis sin agus d'iarr go bhfágfaí ar fad é ar a chómhairle sin. Do ghéill Gog do'n méid sin. "*Tis but in vain.*" ⁊rl.

* ? 29.

Tá déistin ar Ghog leis an Dr. Bellew, Easpog Catoiliceach Chille Allaidh mar gheall ar scéal an Choláiste Náisiúnta. Ba mhaith leis an easpog airgead d'fhagháil ó na tuataigh chun cabhraithe leis agus gan leigean dóibh aon lámh a bheith aca 'ghá riar. Nach diail cineálta san! D'éirigh fraoch nimhe ar Ghog 'na choinnibh, agus dubhairt sé le Mr. Hutton go bhfuil sé ag tosnú ar dhul i bhfeidhm air gur ropairí iad go léir (na hEaspoig Catoiliceacha) *Tá go maith.* B'fhéidir go leighisfeadh trí nó ceathair de rudaí mar sin Gog ó'n gclaonchineáltas i leith easpog, sagart agus deocanach (*vide*, an dialann so i gcómhair an 17adh lae*). Do chodluigheas i dtigh Ghog.

An 25adh lá.—Sé seo lá an Rí (Bail ó Dhia air!) a theacht i gcoróinn. *Ní fheadar cá mhéid rí eile aca a thiocfaidh i réim?* Do chaitheas bricfeast fara Seoirse Knox. Do shiubhluigheamar timcheall an Ghreen ag cur is ag cúiteamh i dtaobh na scéime so againn. Dar leat air go bhfuil sé dáiríribh 'na thaobh ach deir sé, rud is fíor, nach ró dheimhin go n-éireochadh leis de bhrí é bheith ag brath ar oiread san rudaí, dá dteipeadh ar cheann aca, go millfeadh sé an gnó go léir. Do ghaibh Mr. Hutton na hargóintí go léir arís leis, agus dhein tagairt ar leith do'n neart a bheadh san Rialtas a cuirfaí le 'chéile mar sin, mar atá, Tighearna na Sionna agus na Ponsonbaigh a ceannóchaí le teann airgid; Diúic Laighean do bheadh sásta, is cosúil, teacht isteach, *cum suis*; an Grattanach, agus an bheirt nó an triúr de dhaoinibh macánta d' fhéadfaí a sholáthar ach géilleadh i dtaobh a dó nó a trí de bhillí sluaghghartha ar nós na mbillí ionad agus pinsiún, 7rl., go mbeadh an Riarachán fé *éclat* d'á ndeascaibh, gan an chuid is lugha a bhaint de'n chómhacht ba riachtanach dóibh. (Aontuigheann an Knoxach ar fad leis an ní sin). Nuair do bheadh san agus cómhacht a ngaolta agus códhnachas an chaisleáin dar ndóigh ag cur le 'chéile, dhéanfaidís sin Rialtas sárláidir. Cad é bheadh 'na fhreasabhra. Na Beresfordaigh go mbeadh gach ní caillte aca nuair a scarfaí ó ionadaí riaracháin iad, mar gur fuath leis na daoinibh iad agus níl cómhacht bhunaidh aca; agus na Protastúnaigh fearmadacha ameasc scuibhéirí na hÉireann. Scéal magaidh bheith ag samhlú freasabhra leo san! Cia thabharfadh cluas do Mharcus Beresford ag trácht ar chlaonbheartaidheacht Rialtais? Díth céille! D'fhulaingeochadh an Tuaisceart leis an Rialtas nua muna dtugaidís a gcabhair leis, ar son an Ghrattanaigh; agus, ar aon chuma, ar theacht dóibh i gcómhacht tré ghradam an phobail dóibh, agus cúpla bille nó trí

* Níl aon ní i gcómhair an lae sin ann,

aca go mbeadh éileamh ag an bpobal ortha, bíodh le fírinne nach fiú a áireamh iad. D' fhéadfaí stocaireacht a dhéanamh air sin d'fhonn iad a shásamh ; agus maidir leis na Catoilicigh bheadh gach mac máthar aca linn de bhíthin guthaidheacht toghadóireachta bheith le fagháil aca. Dubhairt an Knoxach liom go bhfuil scríobhtha aige go dtí Tighearna Abercorn. Cómhartha é sin go bhfuil sé ag gabháil do'n scéal mar ní dearnadh ach tagairt do indé leis. Do dhiúltuigh sé cainnt a dhéanamh le Gog, agus d'fhiafruigh, *an amhlaidh a cheap Gog go bhféadfadh sé féin fios 'aigne a thabhairt do-san.* Tá Gog go diail baothuallach agus go díchéillidhe ar shlite áirithe. Bíonn sé de shíor ag gabháil díom an Knoxach a chásamh ar mhaithe *leis-sin.* Fastaoim. Tá an Knoxach árdaidhmeannach mórchúiseach ach gan spéis san ngnó aige *im thuairim-se.*

Cad a thiocfaidh as so ar fad, ní fheadar ? Is é tuairim Mhr Hutton go daingean go gcaithfidh Rialtas na hÉireann a mhalair ar fad de chórú a chur air féin nó go gcaithfar é chlaoidhe l fóirneart agus a fhios ag Dia amháin cad é a thoradh san. Tá na Catoilicigh athraithe chómh mór san agus iad chómh gríosaithe sin chun fuadair, ⁊rl. Tá an Knoxach agus é féin ar aon tuairim ná fuil aon bhaoghal ann fé láthair go raghaidh na daoine chun fóirnirt, ach go bhfuil iliomad míoshásaimh d'á chnuasach, diaidh ar ndiaidh, agus nach fada an lá go bpléascfaidh air, go mórmór dá dtárluigheadh cogadh a theacht ; agus go bhfuil an míoshásamh san d'á chur chun fiuchta agus luathaidheachta le ródhúire agus le bearta míchéille an Rialtais annso. B'fhéidir go ndéanfaí an gnó so a chur tré 'chéile gan baoghal briste, de bhíthin an tsocraithe atá ar intinn againn.

An Fochoiste. Do léig Emmet dileagra, mar 'dheadh ó Chatoilicigh Átha Cliath, mar fhreagradh ar cheann an Bhárdais. É go hanmhaith. Leag san an mheádh ar thaobh cruinnithe Catoiliceach a thabhairt le 'chéile, agus gheobhaidh Gog an chaoi a theastuigh uaidh chun óráid a dhéanamh. " Huraí duraí ! Nicití naicí ! (Féach *Venice Preserved*). Do scríobhas dréacht fá thuairim na gCatoiliceach i gConntae an Dúin, mar 'dheadh ó'n bhFochoiste, d'á ngríosadh chun buidheachas a ghabháil le muinntir Bhéal Féirste, ⁊rl.

An 26adh lá.—Tá Donnchadh de Brún tar éis calaois a dhéanamh i Muigheo. Thug sé cóimhthionól le 'chéile ar an 16adh lá, agus bhain sé na cosa ó'n bplan so againn-ne tré bheartú go gcuirfaí iarratas fé leith ar siubhal ó'n gconntae sin. Mallacht air ! D'á aindeoin sin tá sé de neamhnáire ann bheith ag cur síos ar a ghrádh

do'n chúis, ⁊rl. Tá na Catoilicigh annso ar deargbhuile. Diaidh ar ndiaidh níl aon mheas ag fanúint aca ar dheartháracha Tighearnaí ná ar theachtaí Pairliméide.

An 27adh lá.—Tá leitir fachta ag Rághnall Mac Dómhnaill ó'n rúnaidhe bhí ar Chatoilicigh Mhuigheo ag an gcruinniú bhí go deireannach aca, agus do ceapfaí ó'n scéal atá innti go bhfuil fagháil fós againn ar thaidhleoirí a theacht chugainn ó'n gconntae sin. Do scríobhas leitir ó'n bhFochoiste d'á thathant go dian ortha é sin a dhéanamh. Togha leitre!

Do casadh i ndáil na dtaidhleoirí paróiste tráthnóna mé, agus do socruigheadh gach ní i gcómhair an chruinnithe choitchinn do Chatoilicigh Bhaile Átha Cliath. Do léigh Mr. Hutton an páipéar a scríobh an cathardhach Emmet agus mhol an cruinniú d'aonghuth é. Ní hiongnadh san. Páipéar thar barr iseadh é agus sháruigh sé an freagradh atá le tabhairt ar na Grand Júraithe ag Mr. Hutton féin. *"The dog has taken some of the very best strokes in my tragedy and put them into his comedy."*

An 28adh lá.—Tá ráflaí ag imeacht ar fuaid na cathrach i dtaobh páipéir éigin mídhilseachta a scaipeadh, adeirtar, ameasc na saighdiúirí san ngarastún. Ní chreidim-se é. Oifigeach d'á raibh ortha, Colonel ar chipe d'Ordnás Ríoghúil na hÉireann, deirtar go raibh sé de mhóirchéill ann an cipe do chórú ar pharáid agus raiste cainnte a scaoileadh fútha ag tathant ortha bheith umhall, agus 'ghá gcur ar a n-aire i n-aghaidh "Ceart an Duine," ⁊rl. An daoiste dúramáin! Ní fhéadfadh sé slí níos éascaidhe d'aimsiú chun an mhioscais ba mhaith leis a sheachaint a chur ar siubhal. Tá ráfla eile ann go bhfuil órdú le tabhairt do lucht ordnáis agus do mharcraidh gluaiseacht leo go Sasana agus go gcuirfar saighdiúirí Sasanacha 'na n-ionad. Tá súil agam gur éitheach an méid sin leis. Pé scéal é, cómhartha iseadh na ráflaí seo ar a bhuartha atá aigne an phobail.

An 29adh lá.—Do bhí fógraí d'á scaipeadh indiu d'á órdú soillse a lasadh go foirleathan i n-onóir an iomruagtha a tugadh ar airm na Gearmáine as an bhFrainnc. Ní fheadar cad deirim leis. Molaim na soillse, ach b'fhéidir go ndéanfaí áis de chun círéibe a chur ar siubhal agus, dá ndeintaí, ba mhór an díobháil sin mar ba bhreágh leis an Rialtas mar leithscéal aca é chun na dragúin a scaoileadh fé na daoine. Is iad Oliféar Bond agus Séamas Tandy a bheartuigh ar na soillse. Beidh fios gach scéil amáireach againn 'na thaobh. Go dtí sin, *"God send we may all be the better for it this day three months."*

Do scríobhas leitir go dtí an tÉadaitheoir agus chuireas adhbhair rún chuige, ar mhaithe leis na Catoilicigh, do Chumann Whigeanna an Tuaiscirt, i gcómhair an chéad chruinnithe eile bheidh aca. Is dóigh ná héireochaidh leis iad a chur i bhfeidhm, ach ní miste tabhairt fé. Do scríobhas adhbhair rún i gcómhair cruinnithe na Céadaoineach seo chugainn, ag gabháil buidheachais le muinntir Bhéal Feirste, Chorcaighe, ⁊rl.

An 30adh lá.—Tá an trilseoireacht curtha againn dinn fé shuaimhneas d'aindeoin gur chuir an Maorthighearna forógradh amach d'á thoirmeasc, agus ag bagairt go cruaidh, ⁊rl. Do bhí mórchuid saighdiúirí amuich idir mharcraidh agus coisithe. Dar le duine, agus a mhinice a cuirtar amach iad, gur cinneadh leis an Rialtas go gcaithfidh na daoine dul i dtaithighe iad d'fheicsint ar na sráideanna. Do dheineas féin agus Emmet dileagra na gCatoiliceach d'aithléigheadh do'n turas deireannach agus dheineamar roinnt leasaithe air. N.B. Is é bhus ainm feasta do'n Emmeteach réamhráidhte ná "An Seangán."

An Fochoiste—Cruinniú lánmhór ann chun plan an lae amáirigh a shocrú. Do haontuigheadh gurbh é D. T. Ó Briain a bheadh 'na chathaoirleach; diúltú ó'n mBrianach san atá luaidhte. Meathta! Tairgigheadh an cathaoirleachas do J. Ball. Do dhiúltuigh seisean chómh maith. Cad é a cheapfadh muinntir Bhéal Feirste dá bhfeicidís an méid sin? Do socruigheadh go mbeadh seanBhrian Ó Néill 'na chathaoirleach agus go mbeadh Síomon Maguidhir 'na rúnaidhe. Do léigh Mr. Hutton an dileagra. Do cháin D. T. Ó Briain an rún buidheachais le hóglaigh Uladh mar go gceapfaí air gur saothrú muinnteardhais le lucht armála bheadh ann. Níor chuidigh aoinne leis. B'é ba thruagh le Rághnall Mac Dómhnaill ná raibh 100,000 dhíobh againn chun buidheachas a ghabháil leo. Goirim é! Do cheileabhramar go léir agus d'imigheamar.

Tá glaoidhte ar roinnt Protastúnach chun cruinnithe an lae amáirigh—an Buithléarach, an Ruadhánach, Tandy, An Seangán, Mr. Hutton, ⁊rl. Gog ar feadh an lae san mbaile ag cleachtadh na hóráide. Maith go leor. Déanfaidh an cruinniú so maitheas. 'Sé an Seangán a scríobh an dileagra agus Mr. Hutton na rúin agus a cheap córú an chatha; ach ní heol do'n tsaoghal aon rud 'na thaobh san. Beidh cuma shuaithinseach air san *Dublin Evening Post*, agus cuirfidh sé misneach i gCatoilicigh uile na tíre; agus thairis sin is fearr an foillsiú a dhéanfar ortha ná ar chuid an Bhárdais agus gur mar fhreagradh ortha-san atáthar 'ghá gceapadh. Mo cheol iad!

N.B. Gach aiste fónta, beagnach, ar thaobh na gCatoiliceach is Protastúnaigh a scríobhann iad. Is é toil Mhr. Hutton, ar fátha nach áil leis a nochtadh, ainmneacha lucht an fhochoiste, atá fé láthair ann ag Catoilicigh na hÉireann a chur síos annso.

Tomás Mac Gearailt,	Mairtín F. Ó Loingsigh,
Seán Mac Eochaidh,	Risteárd Mac Cormaic,
Tomás Braghall,	Aodh Hamill,
Eadbhard Ó Broin,	Donnchadh (Tomás) Ó Briain,
Rághnall Mac Dómhnaill,	Tomás Warren,
Tomás Ó Riain, M.D.	Seon Sweetman, An Rúnaidhe.

Deireadh F. 31.—An lá mór. Cruinniú lánmhór deaghnósach. Do bailigheadh 640 glaoidhtí ag an doras, d'éaghmais a lán eile a tháinig isteach gan aon cheann. Dob é an Dr. Ó Riain is fearr a thug óráid. Gog go míchéadfadhach d'á dheascaibh sin agus do chuaidh i gcomhairle le Mr. Hutton i dtaobh ar cheart do tabhairt fé labhairt i ndiaidh an dochtúra. Ag iascaireacht! Do mhol Mr. Hutton do labhairt gan aon teip agus thug greas molta air agus leis sin d'éirigh Gog. Do bhí go maith. Do bhí cainnt Ghog fiarlaoideach seachránach ach é lán d'adhbhar fónta. Do chaitheas dinnéar agus chnagas plaosca cnó ag tigh m'athar.

Lá Samhna.—Dinnéar ag tigh Warren. Gasra maith ann de chinnirí na nÉireannach nAontaithe. Gach ní go suairc agus go maith. Thug Mr. Hutton, *entre deux vins* do, fé na huaisle a bhí i láthair a mhealladh chun complacht óglach a chur ar bun do réir deighphrionsabal, idir shíbhialta agus mileata. D'éirigh A. H. Ó Ruadháin leis sin, agus Magog, 'na theannta. Mr. Hutton beagán ar gealtaighe i dtaobh gnó an óglachais; bheadh sé 'na thogha airm smachtoiliúna, do bheirim diabhail! Do thagair go mór do chleasa cómhraic agus do thréas. D'éirigh Mr. Hutton bruththeasaidhe chun an scéil; ar fhéachaint uaidh síos ar an mbórd ba mhór dob iongnadh leis dhá ghloine d'fheicsint ann ós a chómhair féin; nuair d'fhéach ar Hamilton Ó Ruadháin do chonnaic go raibh cheithre súile aige; agus iongantaisí eile radhairce dob aisteach le háireamh. Do bhí Mr. Hutton féin mar do bheadh an ghrian ameasc na reann, go seasamhach, ach gach ní eile 'na chómhgar ag gluaiseacht róróiricín ar mire 'na thimcheall; é féin ar a láinchéill, ach ba léir do cách eile bheith go mór ar mearaidhe meiscidh; thug fé shiubhal treasna an tseomra ach ní fhuair 'na chumas gluaiseacht go réimdhíreach, ní a bhain do tré ghas de'n bhiolar d'ithe le n-a

chuid aráin le linn dinnéir. "Dia le gach neach duine!" Do hóladh deocha fé thuairim deaghshláinte d'á lán daoine—fáinne cathardhach; sin nós atá ag teacht san bhfaision; d'á luighead de rud é, is cómhartha é. Do cheileabhramar go léir d'á chéile ar a dódhéag agus d'imigheamar. Is breágh na gnóthaí iad! Is breágh san!

An 2adh lá.—Chómh breoite le Demogorgon; tá curtha rómham agam diúltadh do bhiolar a chaitheamh lem chuid aráin. Dinnéar ag tigh Sheoin Sweetman, an Captaen Sweetman ann. Tá a lán ag baint leis de'n tseanéirim pápaireachta i gcúrsaí polaitidheachta. Thug sé féin agus Mr. Hutton trí huaire a chluig ag argóint, do réir mar d'fhaisnéidh clog Shrewsbury. Buaidh na hargóna le Mr. Hutton 'na thuairim féin, agus i dtuairim na cuideachtan uile ach a chéile argóna amháin. Husá. Go luath chun codlata.

An 3adh lá.—Do chuas amach ag triall ar Ghog chun a óráid a chur le 'chéile. Do dheineas ceartúchán go flúirseach air. Dinnéar i dteannta Ghog agus bhí an baighte céadna ar a dhubhán aige sin agus moladh d'á iascach aige; dhein sé traoslú do Mhr. Hutton mar gheall ar a dheaghphaimpléid féin, 7rl. D'éirigh Mr. Hutton agus do steall lán meidre de phlámás idir an dá shúil ar Ghog, agus is geanúil a ghlac súd leis. Dubhairt Mr. Hutton leis ná fuil san Dr. Ó Riain ach garsún scoile i gcomórtas leis, rud a chreid Gog go diongbhálta. Uaill an deamhain uabhair ann. Do chrom Gog ar an dá óráid a bhreithniú go friochnamhach agus thug a bhreith go neamhuallach gurbh í a cheann féin ab fhearr, agus is é Mr. Hutton a bhí ar aon aontadh leis. An-mhaith go léir! D'fhill Mr. Hutton chun na cathrach agus do scríobh dhá cheann déag de leitreacha go dtí daoine éagsúla, maraon le cóibeanna d'imeachta an 31adh lae; iad go léir go deighscríobhtha, bíodh gur beag an aimsir a cailleadh leo. Ba bhreágh an rúnaidhe príobháideach a dhéanfadh Mr. Hutton.

Dála an scéil sin. Ar bheith do Mhr. Hutton ar bricfeast fara'n Onórach, Seoirse Knox, agus é ag cainnt le géire mhóir agus le binib, mar is béas leis, i n-aghaidh díth céille agus cuirbthigheacht an rialtais, thárlaidh an t-agallamh so eatartha:

MR. HUTTON. B'fhearr liom ná an saoghal, a Knoxaigh, gur tusa bheadh id rúnaidhe annso.

AN KNOXACH. B'fhearr liom gur mé. An mbeir-se id rúnaidhe príobháideach agam?

MR. HUTTON. Bead le lánchroidhe.
AN KNOXACH. Tá go maith. Cuimhnigh air.
MR. HUTTON. Cuimhnigh.—*Mr. Hutton do dhul amach.*

Samhain 4, Dia Domhnaigh. Do chaitheas dinnéar i dtigh Mhic Dhómhnaill i dteannta cuid de na hÉireannaigh Aontaithe. Dubhairt Tandy gur eitigh na hóglaigh dul ar paráid timcheall íomháighe an Rí Uiliam, óir is é seo lá cuimhne a bheirthe ; tá na cnotaí odhardhatha curtha ar ceal, leis, aca. Goirim iad ! Tháinig beagán aca indiu le chéile mar bheidís ar ghnáthpharáid agus bhí cnotaí náisiúnta (glasuaine) d'á gcaitheamh aca. Is diongbhálta an cómhartha é sin ar an atharrach meoin atá tagaithe do dhaoine ráidhte go bhfuil faillighe chómh mór san d'á thabhairt san "bhFuascaltóir Glórmhar" so againn-ne. 'Sé seo an chéad lá a chuaidh gan comóradh cuimhne ó cuireadh Óglaigh ar bun. Husá ! Cómhpháirt agus an pobal abú ! Tá rud eile—Sall agus Porter, beirt de na gaiscidhigh dob ainspianta ag cothú cinnsil Phrotastúnach d'á raibh ar lucht bhárdais cathrach Bhaile Átha Cliath, agus a dhein dícheall mór go nglactaí leis an bhforógradh i n-aghaidh na gCatoiliceach a bhí le déannaighe ós a gcómhair—tá teipithe ortha iad a thoghadh arís ; bíodh go dtug Mr. Sall leis cóib de'n fhorógradh úd luaidhte, i bhfráma óraithe, agus gur thaispeáin é do Cyclops a chualachta. Agus scéal is fearr ná san : an té a cuireadh isteach 'na ionad, Éireannach Aontaithe iseadh é dárab ainm Binns. Rud iomráidhteach iseadh an scéal san, óir tá cualacht na nGaibhne ar an gceann is mo fearmad san gcathair. Do bhain Mr. Hutton, an tseachtain seo, feidhm as an gceart chun guthaidheachta atá aige tré ghuth a thabhairt ameasc na nUghmadóirí chun cómhairleoirí coitchionna a thoghadh. Saorughmadóir iseadh Mr. Hutton agus fuair cuireadh chun dinnéir i dteannta na n-iarrathóirí, rud d'eitigh sé go deighmheastúil.

An 5adh lá.—Tréas mór an Phúdair.

> "This is the day, I speak it with sorrow,
> That we were all to 've been blown up to-morrow."—*Rochester.*

Nuair d'fhill Mr. Hutton ó Oifig an Phuist an tráthnóna so, tar éis leitir a chur ann i gcómhair Ph.P., baineadh sceit as nuair a chonnaic sé taise Ghuy Fawkes i ndoras tighe an Alderman Ó hAirt. Do labhair Mr. Hutton Laidean leis an tsamhailt sin, agus leis sin fuair sé gur póilín a bhí ann. Do chuarduigh Mr. Hutton an soiléir go cúramach ar eagla go mbeadh adhbhar tóiteáin curtha ann ag na

Catoilicigh agus go loiscfidís é féin agus a mhuirear bocht neamhurchóideach 'na gcodladh. B'fhearr leis go mbeadh inneall báithte tóiteáin 'na sheomra codlata ar eagla aon óspairte a theacht ó na Pápairí fuilteacha, barbardha san gan daonnacht.

Samhain 9.—Ag an gcúirt dom. Is iongantach le feicsint an t-atharrach meoin atá tagaithe go luath do lucht an Bharra i dtaobh ceist na gCatoiliceach ; gach duine, beagnach ar a thaobh. Cuid aca ag moladh dlithe na daorbhroide ar fad a chur ar neimhfheidhm láithreach ; b'é sin an tslí ba mhóraigeantaighe agus ba chiallmhaire. Ba mhór an ádhbhacht leis an uile shagas duine, agus go mórmór leis an bPluncéadach, dligheadóir, amus a thabhairt fé Mhr. Hutton, "*agus gur ghaibh súd láithreach reanna a seacht sleagh ar a scéith féin, mar seo.*" Gáiridhe le hanman na marbh. Do baisteadh *Marat* ar Mhr. Hutton. Roinnt adhbhacóidithe bhí ann d'iarradar go leigfeadh sé fé n-a chumraighe iad le linn an éirghe-amach atá ar barraoid teacht. D'iarr an Pluncéadach go dtiubharthaí an Cheathrúin do féin ach d'eitigh Mr. Hutton fé sin é de bhrí gur caraid leis Diúic Laighean, ach do thairg an Currach Mór do, ionad Mharcuis Phortláirge. Is chuige a dhein Mr. Hutton mar siúd ná chun Marcus Bheresford a ghriogadh, a bhí láimh leis ag éisteacht. Scartghail gháiridhe leis sin. Do cuireadh i leith an Choiste gurab iad súd fé ndeara an cosc atá le hól bheorach Bhellingham. D'aindeoin baoghail a bháis tríd dubhairt Mr. Hutton gur éitheach an méid sin. Ba dhána é ! Dubhairt cách go ngeobhaidís é sin len' ais. Tá cruth chómh maith agus is féidir ar gach ní. Husá ! Dinnéar san mbaile agam i dteannta Stokes, ⁊rl. Sinn go soilbhir neimhmeisciúil.

An 10*adh lá*.—Do chuala go bhfuil an Rialtas i bpoll tarachair d'fhéachaint cad is fearr dóibh a dhéanamh. Do bhí Toler ag baint as D.T. Ó Briain, Catoiliceach saidhbhir beagmhisnigh go bhfuil roinnt gradama dho ag an dream Catoiliceach ; thug sé iarracht ar sceon a chur ann ach chuaidh san de. *Bon*. Do chuaidh Sir. P. Blacquiere ag triall ar Th. Braghall ar an ngnó céadna agus an toradh céadna fuair sé. Do chuaidh, leis, duine nach eol a ainm chuig S. Sweetman. Bréithre móra ar siubhal, is clos dúinn, ag an Sainsiléar. Má thugann sé fé aon fhóirneart a dhéanamh measaim go dtiocfadh cogadh d'á dheascaibh gan teip. Is é mo thuairim láidir féin nach foláir do'n Rialtas géilleadh. Dob fhearr le Gog, Magog agus Warren go ndiúltóchaí dhóibh an seisiún so d'fhonn

spioraid na ndaoine a mhúscailt go ceart. Sin é an ceart. Tá mo mhuinghin go mór agam as díth céille agus ainmheasardhacht an Rialtais chun saoirse iomlán na tíre seo a chur ar fagháil. Do dhéanfadh sé maolú mór ar an mioscais dá dtugtaí géilleadh go héascaidh agus go réasúnta do na héilithe atá le ceart d'á dhéanamh ag an náisiún, ach sin céim céille ná sroichfidh Mac Giobúin choidhche chuige. Dob é mo chómhairle-se do na Catoilicigh, le gach diúltú d'á bhfaghaidís, a gcuid éilithe a mhéadú, dála na Sibileach fadó, rud atá beartaithe aca a dhéanamh, dar liom. *Níl aon rian droich-mhisnigh fós ann.*

Tá glaoidhte ar an gCoiste, do réir an chóraithe nua, i gcómhair an 3adh lae de mhí na Nodlag. Tá go dtí an lá so frithscéala fachta againn ó chúig conntae fichead agus ó chathracha móra uile na tíre, agus tá dóchas láidir againn go mbeidh an chuid eile fachta againn fé lá an chruinnithe. Is dóigh ó hainmnigheadh an lá go ngriogfaidh san lucht na faillighe. Tá Ciarraighe buaidhte againn d'aindeoin Tighearna Chinnmhara. Tá Muigheo tar éis bheith isteach is amach trí nó ceathair d'uaire de dheascaibh geáitsí an chladhaire sin Donnchadh de Brún (*vide* an dialann so do'n 26adh agus do'n 27adh lae de Dheireadh Fóghmhair) ; táid stóinsithe arís de dheallramh. De bhrí gur mó a gcródhacht ná a gciall is furus uaisle Chonnacht a threorú, go mórmór má théigheann cinnire mór nó fear uaidh 'na mbun. Is dona san ! Ach tiocfaidh siad uaidh sin. Tá súil agam go dtiocfaidh frithscéala ó Mhuigheo chugainn tar éis na mbeart. Má thagann is mór an bhuaidh é ! Tá Cumann Whigeanna an Tuaiscirt tar éis glacadh leis na rúin a chuireas ag triall ar Shinclair ar an 29adh lá. Ní raibh 'na n-aghaidh ach Halliday. Ní rabhas-sa ag súil leis go gcuirfaí i bhfeidhm iad ; cómhartha eile é seo ar an atharrach aigne atá ag teacht diaidh ar ndiaidh do'n phobal.

Deirtar go bhfuil Custín tar éis dul chómh fada san chun cinn i bhFlondras ná fuil caoi casta aige. Bréag é sin, tá súil agam, dála scéil Dumourier. *Ceart nó mícheart, go raibh buaidh catha le Franncaigh ; táid siad ag cur an chatha dhúinn-ne, agus má chliseann ortha san, sin slán le saoirse i nÉirinn go ceann céad bliain !* Ag tagairt do chur catha ! tá claidheamh breágh ceannaithe ag Mr. Hutton agus mórtas an diabhail air 'na thaobh ; fonn air é chur fé'n adhairt aige féin anocht. *Ceist*, an miste dho é chaitheamh i cúirt an tSain-siléara fé pheribhig is gúna ar mhaithe le Tighearna Mac Giobún ? Tá beartaithe ag Mr. Hutton gur claidheamh a shamhla a bheidh ag a chipe féin nuair bheidh cipe aige.

An 11*adh lá, Dia Domhnaigh.*—Do thaispeáin Seoirse Knox dom meamram nó sliocht de'n fhreagradh thug Tighearna Abercorn ar an leitir a chuir sé féin chuige mar gheall ar an bplean taidhseach úd a cheap Gog chun díoláithriú dhéanamh ar na hAirí seo againn (*vide* an dialann, ⁊rl.). Tighearna Abercorn ar gealtaighe; is é is dóigh leis sin go mba cheart do na Catoilicigh éirghe as an gcóras atá aca fé láthair agus dul ar a ionchaibh féin chun rud a dhéanamh dóibh. Nach diail cineálta é. Is é adubhairt Mr. Hutton, gan múisiam, ná go bhfuil tairgsint an tighearna i leith a luighid, agus mar sin sin deireadh leis an eadarghnó úd. Do réidhtigh an Knoxach féin leis an tuairim sin.

An 12*adh lá.*—Ag tigh Ghog ag ullmhú páipéar, mar atá: an impidhe do'n Rí, an impidhe do'n Phairlimēid, agus dileagra do phobal na tíre, ⁊rl. Do chuala ráfla gurab eagla le Foster fionghail a dhéanamh air. Ba mhaith an díol air é dá mba cheadmhach fionghail ar aon chúinse. Ag obair ar saothar.

An 13*adh lá.*—Uisce fé thalamh i nUrmhumhain Íochtair i n-aghaidh an Choiste. Tá na Toleraigh agus na Prettigh agus na tighearnaí móra eile talmhan annsúd ag cur d'iachaibh ar a gcuid tionóntaithe a n-ainmneacha a chur le páipéar éigin i n-aghaidh éilimh na gCatoiliceach. Do bhí sé de mhisneach i sagart aca, Mr. de Faoit, diúltú do'n scéal. Do chuireas leitir, thar ceann an Fhochoiste, d'á mholadh. Do chuir Hobart, Major agus Rúnaidhe, fios ar an Dr. Treo chun bheith ag baint eolais as; dubhairt sé a lán brilléise, go raibh beartaithe ag an Rialtas cur i gcoinnibh gach saghas fóirnirt; go gcabhróchadh an Rialtas i Sasana leo; ná raibh an Tuaisceart ar ár dtaobh, ach Béal Feirste amháin, ⁊rl. Níl ann ach bheith ag nochtadh a laige atá a thaobh féin é bheith ag luighe chómh mór ar scéal an Tuaiscirt, agus dar ndóigh, 'ghá léiriú dhúinn-ne canad dob fhearr dúinn tabhairt fútha. Le congnamh Dé, ní thiubharthar failligheʼ san bhfios. Suaithfimíd an Major fós, b'fhéidir. Mé go gnóthach ag gabháil do'n impidhe.

An 14*adh lá.*—Ar feadh na maidne go léir ag obair. Dinnéar san gcathair ag tigh R. Dilliúin. Tar éis dinnéir chromamar ar chainnt i dtaobh arbh fhéidir cór nua óglach a chur ar bun. Do cinneadh go mbuailfeadh an gasra le 'chéile arís Dia Sathairn seo chugainn chun plan a cheapadh. Sinn uile i bhfeirg toisc an masla gan gábhadh a tugadh do chór Bhaile Átha Cliath Dia Domhnaigh seo caithte; oifigeach de'n ghnátharm a bheir leis drumadóir, a bhain le n-a chipe féin, agus a bhí ar fostadh tuarastail ag na hóglaigh i gcómhair

an lae, agus táthar tar éis é thabhairt mar bhreith ar an mí-ádh bocht é d'fhagháil dhá chéad buille de'n laisc. Is aisteach an gnó do'n Rialtas é, agus an saoghal atá anois ann, bheith ag cuardach cúis achrainn leis na hóglaigh! Dá luighead é seo mar chúinse cabhróchaidh sé linn-ne chun cath óglach a chur ar bun, rud a dhéanfaidh stainnc ar ball, b'fhéidir, ar an Rialtas. D'fhilleas go Mount Jerome. Chuireas i láthair Ghog go mba chóir dul chun roinnt chostais ag cur feiste ar an seomra i gcómhair chruinnithe an Choiste, mar go dtiubhradh san árdthuairim do na taidhleoirí ó'n dtuaith do'n tábhacht a bhain leo féin, agus do thairbhe an ghnótha, nuair a chífidís gach ní d'á ghalántacht agus d'á fheabhas ullamh 'na gcómhair. Maith go leor!

An 15*adh lá*.—Ba chlos dom indiu go bhfuil Ponsonby tar éis teacht ar ár dtaobh. Má's fíor is maith an scéal. Go dian ag obair.

An 16*adh lá*.—Do chuala go n-abruighid lucht gráidh an chaisleáin má leanaimíd fé mar atá beartaithe againn, agus díleagra a chur go dtí an Rí, go ndéanfaidh san mearbhall d'á Shoillse. An ndéanfaidh, dar diabhail? Agus cia chuireann dabht ann, nó cia hé gur scim leis é? Cuirfeam dileagra chuige, le congnamh Dé, agus diúltuigheadh sé dho má's áil leis. Is fearr go mbeadh a shárShoillse fé mhearbhall ná go bhfanfadh náisiún fé dhaoirse. Ag saothar liom fé bhreis díchill.

An 17*adh lá*.—San gcathair dom ag cruinniú de'n fhochoiste. Do léigheas dóibh an dileagra i gcómhair an Rí. Do thaithnigh go mór le cách fiú an chuid scáthmhar aca. Sásamh mór do Mhr. Hutton an méid sin. Gog sásta, leis. Do thraosluigh do Mhr. Hutton agus dubhairt gurbh é an duine sin do chuir gotha fónta ar pholaitidheacht na gCatoiliceach, scéal do bhréagnuigh Mr. Hutton as ucht an cheannísle conáilbheach san atá 'na maise móir do, agus a chuireann loinnir aoibhinn ar gach gníomh táscúil d'á ndeineann sé, agus dubhairt, mar 'dheadh gur róchuma leis, má bhí éirim ar bith maitheasa ann gurbh é é gur léir do an mhaith tamall beag sula dtug cuid aca féin fé ndeara é agus gurbh é a dtuigsint fónta féin, agus nárbh é a chuid tathana-san, a mhúin eolas an bhóthair chóir dóibh. Is fíor cuid de sin agus, ar aon chuma, is deas ó Mhr. Hutton é. Níorbh fhearrde é an duine sin go gceapfaí é bheith níos críonna ná Gog. Is fearr go mór fanúint san gcúil agus bheith 'ghá chómhairliú. Níl flosc ar bith ar Mhr. Hutton teacht i lár an aonaigh ach go gcuirfaí an obair chun cinn agus, má thagann aon ghnó bunúsach i gceist, gheobhaidh sé ionad a dhiongbhála ann. Má thuilleann sé éirghe,

éireochaidh is dóigh ; muna ndeinidh, ní bheidh leigheas aige air : "*Tis but in vain for soldiers to complain.*"

Do chaitheas an tráthnóna san mbaile fara mo líontighe beag neamhurchóideach. Tar éis na mbeart is é an teinteán an baile dáiríribh.

Mo dhearmhad. Do bhíos ar chruinniú chun cath óglach a chur ar bun : bhí ann an Ruadhánach, cathaoirleach ; Tandy, Séamas Tandy, an Dúnlaingeach, Bacon, Bond, Warren, Magog agus Mr. Hutton, Rúnaidhe. Do cinneadh ar mhíle fear a bheith ann 'na ndeich gcomplachta, éide neamhchostaiseach de ghairbhéadach ghorm, treabhsair de'n ticin agus hataí de'n fheilt. Gan aon chur isteach a bheith againn ar an gcath atá ann muna mian leo féin teach linn, agus má thagaid go gcaithfid gabháil le n-ár gcórú-na, le n-á gcuid prionsabal agus le n-ár bhfearas mileata. Má ritheann lei. seo déanfaidh sé ciapadh do'n Chaisleán agus b'fhéidir nárbh áil leo teacht arís agus an ndrumadóir a bhreith leo. Is dóigh le Bond go mbronnfaidh cath na gceannaithe a bhí ann tráth, dhá phíosa ordnáis orainn. Husá ! Husá !

An 18adh lá.—Dia Domhnaigh. Mt. Jerome arís. Dinnéar fara S. Pluncéadach ó Roscomán agus S. Seos. Mac Dómhnaill ó Mhuigheo. An cómhrádh ar fheabhas ar fad. Seasóchaidh Catoilicigh na tuaithe *le cath na bpiléar*, measaim. Cruth foirtil ar gach rud, dar liom. Frithscéala tagaithe ó Mhuigheo d'aindeoin Dhonnchadh de Brún. Tá olc an diabhail bhuidhe air sin agus gan leigheas an scéil ar a chumas. Husá ! Ag taoscadh na dighe nó go raibh sé tar éis a dódhéag. Rath ó Dhia ar gach neach ! Do phógas na Connachtaigh agus chuas chun leabthan ar stealladh na ngrást. Is é an scannail náireach a fheicsint annso agus i ndialanna eile a mhinice thárluigheann a leithéid sin dom, agus d'á aindeoin sin go dtugaim fear le measardhacht fós orm féin !

An 19adh lá.—R. de Búrc ag Mt. Jerome ; d'fhan cúiguaire a chluig ann ; go dícháillidhe. Do bhí 'ghá mholadh nuair a thiocfadh an coiste le 'chéile nach impidhe chuirfidís ar an Rí ach dileagra agus gearán ar na Grand Júraithe. Brilléis ! Cad d'fhéafadh an Rí a dhéanamh leis na Grand Júraithe ? Thug breabhaid fé Ghog chun é féin a chongbháil fós 'na thimthire do na Catoilicigh. Ní féidir é sin a chur as a cheann. D'fhan Gog go dúr 'na thost. Geáitseálaidhe ceart an Búrcach ; cuireann gothaí móra rúin agus deiscréide air féin ; deir sé ná fuil Grattan oilte ach ar pholatidheacht logánta, ⁊rl. Is ceannfseal gleoite uaidh sin !

An 20adh lá de Shamhain.—Mr. Ó Beirn ó Chonntae Liathdroma, fear mór céille. Do chuir Gog a lán duaidh air féin chun é chur ar an eolas i dtaobh cúrsaí na gCatoiliceach agus do dhein go rímhaith é. An t-ádh le Gog indiu; aon chaoi d'á bhfaghann chun taidhleoir ó'n dtuaith a thabhairt ar ár dtaobh ní leigeann le failligħe é. Tá dhá thairbhe annsan: bheir sé eolasach iad-san agus bheir sé cómhacht do san ar an dream ó'n dtuaith. Adeir Ó Beirn go bhfuil muinntir na tuaithe ar sciobaidh le méid a meanman agus míofhoidhne ortha ag feitheamh. Goirim iad! Is fearr tuathanaigh aonchonntae ná fiche teachta Pairliméide. Tá fuadar fé Ghog indiu, dar leat, chun gach sórt tréas agus mioscaise, eadarscaradh na dtíortha, ⁊rl.; poblacht uaidh, ⁊rl. B'é a thuairim ná beadh deireadh leis an ngnó so go dtéightaí ar na buillí, agus go raibh sé féin mar le duine, ullamh. An bhfuil? Tá Mr. Hutton lánullamh mar ná fuil pioc le cailliúint aige.

Mé ag obair go dian ag ullmhú an athchuinghe chun an phobail; ionnsaithe foirtile d'á thabhairt fé na Grand Júraithe agam, ⁊rl. Tá buaidhte ag Dumourier ar na hOstraigh ag Jemmape agus tá Mons agus Tournay gabhtha 'na bhfadhba catha aige. Goirim é! Thána 'on chathair chun bualadh leis an gcoiste atá i mbun an chatha nua a chur ar bun. Do chaitheamar an tráthnóna go léir ag socrú i dtaobh an éide agus tá socair fé dheoidh gurab amhlaidh a bheidh san ná mar atá ag an—*Garde Nationale.* An críonna an gnó é sin? Cad é sin d'aoinne? Ní thaidhsightar dom go bhfuiltar dáiríribh san ngnó agus is dóigh tar éis na mbeart ná tiocfaidh ach neimhní as scéal an chatha óglach. Do tairgigheadh ainmneacha caogad is ceathrair 'na chómhair anocht; spuaic ar na Protastúnaigh nuair ná fuil clann mhac Mhr. Ó Broin ortha san, agus gruaim ar na Catoilicigh toisc ná fuil dream Napper Tandy 'ghá dtairgsint féin. Ní maith an cruth so ar an scéal. Tá iarracht de dhéistin ar Mhr. Hutton. Níl aoinne bhíonn, i ngach gnó agus de shíorghnáth, go ceart ach an duine meanmnach, tírghrádhach, céadna san.

XII

CÓMHDHÁIL NA gCATOILICEACH, 1792

Tuarasgabháil do scríobh Tone ar imeachta na cómhdhála tháinig le 'chéile mí na Nodlag, 1792. Aithleasú ar chórú an Árdchoiste. Impidhe chun an Rí i dtaobh gearánta na gCatoiliceach. Diospóireacht ar mhódh a thíodhlaicthe do'n Rí. Cosnamh clú na gCatoiliceach. Gluaiseacht go Lonndain leis an impidhe chun an Rí. Cáirdeas Iarla Muighe Rátha. An toscaireacht i láthair an Rí. Filleadh abhaile

> Tuarasgabháil ar imeachta Árdchoiste Catoiliceach na hÉireann agus na toscaireachta a thíodhlaic a n-impidhe sin i láthair an Rí.

Tar éis céad agus cheithre bliana d'eidirthréimhse dhuairc fé dhaoirse do Chatoilicigh, b'iúd iad aca arís taidhleoirí d'á gcreideamh féin chun labhairt le lánúdarás agus le ceart thar a gcionn. Dob í an chómhdháil deiridh a chonnacthas ag Catoilicigh i nÉirinn ná an Phairliméid a thug an dara Séamas, Rí, le 'chéile san mbliain 1688, agus níorbh aon mhíchreidiúint d'á dtír, i leith céille agus meanman agus tírghrádha, ná d'á gcreideamh, an dream san. Dob é príomhchuspa na Pairliméide sin ná neimhspleádhacht náisiúnta. Maille re hacht luingseoireachta chuireadar cosaint go ciallmhar ar thráchtáil; agus, le forógairt ar chearta, chuireadar i n-úil go dána neimhspleádhacht a dtíre dúthchais. Is scannalach mar a tréigeadh an dá ní sin i bPairliméid Protastúnach Uiliam, Rí, láithreach 'na dhiaidh sin, ar mhaithe le huathghabháltas agus le mórphuimp Shasana. Is é buannacht is fearr d'á raibh ag lucht tírghrádha na haimsire seo ar ghradam an phobail d'fhagháil ná bheith ag seasamh le prionsabail a cuireadh ar bun ag cóimhthionól nár leomhaidh aon staraidhe cion a gcirt a thabhairt do; ach, nuair a thráighfidh díbhfeirg agus claonaigne, beidh a gcuimhne ar buanmharthain i gcroidhthibh a gcóimhthíreach tré bhuidheachas.

Níor fhág imeachta an Árdchoiste aon amhras ná gur chiallmhar an beartú ó thúis é agus sháruigh sé dóchas an dreama a cheap é. Ar a gcéad theacht le 'chéile, nuair fhéachadar thársta agus d'áirmhigheadar a líon agus a neart, léigeadar díobh láithreach béasa táire na tláithínteachta agus na humhlaidheachta ab éigean dóibh a

chleachtadh le fada tré leathtrom na haindeise 'na rabhadar. Do bhraitheadar ionnta féin agus dheineadar beart mar dhéanfadh daoine gurbh é a ndíol saoirse d'fhagháil agus leis an maordhaidheacht ba dhual do thaidhleoirí trí milliún daoine Do bhí spioraid na saoirse ag gabháil mar bheadh sruth aibhléise tré gach lúb d'á gcuid slabhraidhe agus ní raibh uair a chluig caithte aca i gcuibhrinn nuair dob 'in cinnte, go dearbh, ceist a bhfuascalta.

B'é 'chéad ghníomh a dhein an chómhdháil, d'aon ghuth, Mr. Eadbhárd Ó Broin a ghairm do'n chathaoir—gníomh ba chómhmhaise onóra do-san agus dóibh féin. Ar mhaithe leo-san chuaidh sé siúd fé gach cinéal míochlú éithigh agus íde béil. Do deineadh ceap crústaigh d'á cháil chun saigheada gach uile chlaonaigne agus éithigh agus meabhailbhirte a scaoileadh síorraidhe fé, agus tar éis ciapáil fhada ar feadh na míos a chur de mar sin tháinig sé go hionnraic uatha uile. Nuair a thoghaibh an tÁrdchoiste é d'á bhrí sin, 'na chinnire agus 'na chéad uachtarán ortha féin, ní raibh ach fiacha buidheachais d'á íoc aca leis, i dteannta a chur i n-úil a gcuid droichmheasa ar mhailís shuarach an dreama ná tug dó ach tarcaisne agus masla ar son an díchill mhóir a bhí déanta aige i gcúis an phobail.

De dheascaibh na n-iarrachtaí a bhí tugtha, agus atá luaidhte cheana, chun daoine leigean isteach gurbh é a gceart, gan amhras, fé'n tseanreacht bheith ann, b'éigean do'n Árdchoiste críoch chinnte a chur ar an gceist. Do chinneadar, d'á bhrí sin, gurbh é an cruinniú san, do réir na gcóimhghné dár díobh é, maraon leis na Piaraí agus na hEaspoig, gurbh é amháin ba chóimhinmheach chun labhairt thar ceann dream na gCatoiliceach, agus dob 'in reacht go dearbh gurbh éigean dóibh, ó chéill agus ó riachtanas, a cheapadh. Tugadh lagiarracht chun cur 'na choinnibh (*Vide diospóireacht an 3adh lae de mhí na Nodlag, óráidí an Loingsigh agus Mhic Cionnaoidh*) de bhrí go raibh curtha síos san imleitir le n-a dtugadh an chómhdháil le 'chéile ná rabhthas ar intinn baint ó cheart aon duine a bhí an uair sin ar an gcoiste; agus do tairgigheadh, 'na eidirdhealú chliste, go gcuirfaí ann go raibh an cruinniú *cóimhinmheach* i n-ionad "amháin cóimhinmheach" chun labhairt thar ceann an phobail go coitchionn. Ach thug Captaen Sweetman ó Loch gCarman mar fhreagradh air sin ná raibh sé i gcumas an Fhochoiste tré ghníomh ar bith d'á ndéanfaidís, ceangal na gcaol a chur ar phobal mór na gCatoiliceach a bhí annsúd do láthair i bpearsain a gcuid taidhleoirí agus gur leo amháin a bhain sé réidhteach

cinnte a dhéanamh ar an gceist sin; agus, d'á gceaduightaí meascán de chearta pearsanta agus de chearta taidhleoireachta, ná beadh ann ach ag cur síol achrainn do'n aimsir a bhí rómpa, mar go bhféadfadh a theacht i gceist, le linn deighilte, go dtréigfeadh lucht aon chinéil amháin go huile iad agus go gcuirfeadh san i gcumas do naimhde na gCatoiliceach dul ar scáth fascaidh bréige, rud a dhéanfaidís arís fé mar a dheineadar le fonn roimhe sin.

Ní raibh sárú na n-argóintí sin le fagháil. Do héirigheadh as an bhfreasabhras agus glacadh d'aon aontadh leis an tairgsint. Mar sin tháinig, de thoradh athraithe tábhachtaigh i ngné an Árdchoiste, gur cuireadh deireadh feasta le haon éileamh ó cheart phearsanta cuireadh ceart taidhleoireacht ar bun, agus bhí neart pobail n gCatoiliceach uile cruinn i n-aon mheall mhór éideighilte amháir Do fíoradh do réir mar thuit amach gur chéillidhe an bheart c thúis é.

Do cinneadh annsan leis an Árdchómhairle impidhe d'ullmhú i gcómhair an Rí, léiriú ar leathtrom na gCatoiliceach a bheith ann agus iarratas ar fhuascailt, agus do hórduigheadh do lucht an fhochoiste é sin a thabhairt do láthair gan mhoill. Nuair a bhí san déanta agus an impidhe léighte do réir na nós ba ghnáth, do haithléigheadh arís é, alt ar alt, agus glacadh leo d'aonghuth nó go dtáinig an ceann deiridh. Leis sin d'éirigh fear móirmhisnigh intleachtach (*Lúc Taoiling ó Lios na gCearrbhach i gConntae Aondroma*), ba theachta do chonntae mhóir san Tuaisceart, agus dubhairt go gcaithfeadh féin cur i n-aghaidh an ailt sin de bhrí go raibh ciorrbhadh ar iomláine an láinéilimh ann. Gurbh iad órdaithe a mhuinntire féin do gan aon ní d'éileamh fé bhun lánfhuascalta; agus nár mhiadh is nár mhaise do'n chóimhthionól san, ná do'n phobal mór a chuir annsúd iad go mórmór, cead a dtola a thabhairt, i n-aon tslí go bhféadfaí brí a gcómhaontadh féin le haon chuid de'n chóras aincheart mallaithe sin, na dlithe daorbhroide a bhaint as. Do bhí sé ar a ionchaibh ag an Rí tré n-a mórghaois aithriúil a chinneadh cad é méid ba cheart a thabhairt ach gurbh é dualgas an chruinnithe sin gan aon easnamh eolais ná mearbhall d'fhágaint ar an Rí i dtaobh éilithe agus mianta a phobail. Do thairg sé, d'á bhrí sin, "i n-ionad an ailt do bhí léighte ceann eile a chur, ag iarraidh aiseag do Chatoilicigh ar chóimhsheilbh gach maitheasa fé'n mbuinreacht."

Ní furus cur síos ar fheidhm an aithisc sin ar an gcóimhthionól. Do bhain sé greasmholadh thar na beartaibh amach. D'éirigh duine dob árd gradam agus gurbh é ba dhual riamh do bheith

fáithchiallda críonna 'na iomchur (*.i. D.T.* Ó *Briain ó Chorcaigh*) agus dubhairt go raibh ar aon aontadh ó chroidhe le hintinn an ruda bhí san tairgsint. "Ná bímís," ar seisean, "ag mealladh ár Rí ná lucht ár gcurtha annso, agus ná bímís ag dul fé bhrághaid na coróinneach le fírinne fé cheilt. Is anois atá againn labhairt. Níor chóir iarraidh ar phobal uile na gCatoiliceach aontú i n-aon éileamh fé bhun lánfhuascailt."

Do gheobhthaí fé'n am san leis an scéal d'urgháir aonaithisc muna mbeadh duine dhíobh d'á mbacadh, duine go dtug an coiste géilleadh d'á thuairim toisc a ndearna sé riamh de sheirbhís agus de shaothar (*.i. S. Mac Eochaidh*). Dubhairt sé go raibh sé ar aon aigne go hiomlán le brí na tairgsiona agus gur dhóigh leis nár ghábhadh ach iarraidh agus go bhfaghthaí. Ach bhí mórán oibre curtha d'á láimh cheana ag an gcóimhthionól, bhí an deireannaighe ann fé'n am san agus ceist ríthábhachtach dob eadh í. "An bhfuil aon bhreithniú déanta agaibh ?" ar seisean, "ar uillmhéid bhur n-éilimh agus ar neart bhur namhad ? An ndearnabhair machtnamh ar tháire agus ar thoradh an diúltaithe d'fhagháil, agus an bhfuil sibh ullamh chun teanntú le nbhur n-éileamh ?" D'éirigh an sluagh uile d'aon éirghe amháin agus ar árdú a ndeaslámh dóibh dubhradar "*Táimíd.*" Ba shárshuaithinseach an radharc é. "Máiseadh," ar sé, "do-bheirim ómós di agus deinim gáirdeachas as an spioraid sin a chuirfidh an bhuaidh i n-áirithe dhaoibh gan teip ; ach ná bíodh sé le rádh oraibh go dtugabhair sibh féin ar son rúin d'á shárthábhacht so de ruaig rachta díoghraise. Cinnimís ar scur. Beimíd le 'chéile amáireach arís. Breithneochaimíd an obair seo idir dhá linn agus pé ní a cinnfar linn amáireach ní chuirfar 'na leith gur le hainmheasardhacht ná ar uireasbhaidh machtnaimh a ceapadh é." Do gabhadh leis an gcómhairle sin agus cuireadh an cruinniú ar athló.

Ach ní fearr, b'fhéidir, a cuireadh gnó an lae chun cinn leis na diospóireachtaí fáithchiallda a deineadh i rith an lae ag an Árdchoiste ná mar cuireadh chun cinn é istoidhche ag na cóisrí cuideachtan a bhí ar siubhal. An chuid díobh a bhí 'na gcómhnaidhe i mBaile Átha Cliath agus nár staon na naimhde a bhí i n-aghaidh fuascailt na gCatoiliceach ach ag leathadh míochlú agus teastas éithigh ortha i n-iargcúla na tíre, chuireadar mar chúram ortha féin riar agus féile a thairgsint do thaidhleoirí na tuaithe. Ar bheith annsan dóibh i gcómhallagar gan chosc le 'chéile dheineadar cóimhmheas ar a ngearánta araon agus fuaireadar fios ar thuairimí

a chéile. Do cuireadh ar neimhní láithreach gach míomhuinghin as a chéile agus, tar éis cóimhmheas a dhéanamh ar a dtuairimí, ba léir dóibh gurbh é an ní céadna ba leas dóibh araon agus nár bhaoghal dóibh aon namhaid ach easaontas d'éireochadh eatartha féin. An teachta ó Aondruim a bhí 'na shuidhe láimh le teachta ó Chiarraighe chun cláir a mbráthar san bpríomhchathair, níor dheacair a chur 'na luighe air, fé mar bhí an seannath "*Éire i bpáirt meathfaidh sí*" mar riail iomchuir ag a naimhde, gurbh eadh bheadh cómhmhuinghin agus cómhaontú eatartha féin 'na áirith-eacht roimhré, agus 'na mheoin chinnte, chun an fhuascailt a bhí ag druidim leo féin a chur ar fagháil. Do leag cumasc na ndream san a bhí cruinnithe mar sin le 'chéile ó gach triúch san tír, i n-aon trathnóna amháin, na fallaí doichill a bhítheas a thógáil le blianta fada agus gur caitheadh cluain is cleas is géirdhícheall leo, agus cómhacht gach truaillidheachta, maraon le héitheach agus le mealltóireacht, le bréigriocht agus le bagarthaí agus gur rómhaith, leis, d'éirigh leo iad a thógáil.

Is fé'n meanmain sin a tháinig an cóimhthionól le 'chéile lá ar n-a mháireach. Do chuir an duine céadna a thairg an leasrún (.i. L. Taoiling) tionnscnamh ar an ngnó arís. Dubhairt sé go raibh sé de dhualgas ar na Catoilicigh gan leathtrom a dhéanamh ortha féin maille re haon ní fé bhun lánfhuascailt d'iarraidh. Gurbh é sin, leis, tuairim a gcarad san gcúige ó dtáinig féin, agus ó'n gcómhthuairim sin thiocfadh an cómhaontú úd a bhí tar éis tairbhe bunúsach a dhéanamh cheana féin do Chatoilicigh, agus ba bhíodh-bhadh dochlaoidhte d'á naimhde. Do bhítheas tar éis tagairt do bhaoghal; níor léir do ann é; níor leas ná níor mhian le lucht an chómhthionól aon iarracht fóirnirt, "ach," ar sé, "tá fiafraithe dhinn cad a dhéanfam má's é an diúltamh a gheobham? Nuair fhéachaim im thimcheall annso ní thaidhsighthar aon diúltamh dom. Ach má thagann a leithéid i gcrích is furus aithint cad é ár ndualgas. Caithfeam an scéal d'innsint do lucht ár gcurtha annso agus is ortha san agus ní horainn-ne atá cinneadh ar chómhairle. Fios-róchaimíd cad é tuairim an phobail go léir fé'n scéal agus chífimíd cad é is mian *leo-san* a dhéanamh." Is iad na tuairimí céadna a luadhadh le gach duine a labhair 'na dhiaidh agus ar chur na ceiste do gabhadh leis an rún de gháir aonaithisc an chóimthionóil uile 'ghá iarraidh go dtiubharthaí aiseag a gceart do Chatoilicigh.

Níorbh fhéidir a mheas go ndéanfaí gnó cóimhthionóil d'á mhéid siúd gan rún a scéitheadh air, ná go staonfadh na naimhde nárbh áil

leo fuascailt na gCatoiliceach ó bheith ar a ndícheall le linn caingean chómh géar agus ceist chómh tábhachtach a bheith d'á réidhteach le cómhaontú chómh mór san. Ar maidin an lae bhí sé 'na scéal chogair d'á leantaí d'éileamh na lánfhuascailte go dtréigfeadh uimhir mhór de'n chuid ba ghalánta de theachtaí na tuaithe an chómhdháil gan fuireach, agus go bhfógróchaidís a ndí-aontú féin. Ní feasach go cruinn an rabhthas nó ná rabhthas riamh ar intinn an ghnímh sin. Is láindeimhnitheach dá ndeintaí é go ndéanfadh tréigean ádhbhalmhór mar sin ceataighe thar fóir, muna gcuireadh sé ar neimhní ar fad an gléas san gur caitheadh oiread san aimsire agus duaidh 'ghá chur sa treo 'na raibh sé. Bíodh san mar atá bhí de neart san deaghshompla, agus d'fhuinneamh i spioraid an chóimhthionóil sin, nár truailligheadh le sochar ionaid ná íocaidheachta ach do toghadh le saorthoil an phobail, ná cualathas oiread agus munabar dí-aontaithe ó neach ar bith ; agus, maidir le lá do tosnuigheadh fé éideimhne agus fé imshníomh, is amhlaidh a chuaidh de ná é chríochnú maille re glacadh d'aonghuth le móirphrionsabal le n-ar fógruigheadh agus le n-ar cuireadh ar fagháil, saoirse do Chatoilicigh.

Tar éis socrú i dtaobh an iarratais a bheadh san impidhe do tairngigheadh (*le Mr. Mac Gearailt*) ná cuirfaí sighniú na dteachtaí leis nó go mbeadh cinnte aca ar mhódh a bheirthe i láthair an Rí. Dob é bun a bhí leis an dtairgsint sin gan amhras ar bith ná chun bacadh agus, d'á mb'fhéidir é, cosc a chur le hiarracht go rabhthas ag coinne leis a dhéanfaí do réir fuadair na meanman a bhí fé'n gcóimhthionól. Do bhítheas i n-eagla go mbrisfaí an nós a cleachtuightaí go dtí sin ar chur impithe chun an Rí ; agus dá dtéightaí go réimdhíreach fé bhrághaid an Rí féin le hiarratas, go mba iarracht mhór cháinte é sin ar Rialtas na tíre seo. Má b'é bun a bhí leis an dtairgsint ná an Rialtas a shaoradh ar mhasla de'n tsaghas san do theip thar fóir air. Do chinn an coiste go gcuirfaí na hainmneacha leis an impidhe sula ndeintaí aon díospóireacht i dtaobh módha a churtha chun an Rí. Agus níorbh é sin amháin é ach do cinneadh d'aon ghuth (ar thairgsint *Eadbhard Sweetman ó Loch gCarman*) go naiscfeadh gach teachta air féin láithreach go gcabhróchadh, de bhrí a láimhe agus sighniú a ainme, le toil an mhóirlín, agus cheangail an cóimhthionól uile an cor san ortha féin go solamhanta.

Ar bheith do'n impidhe mar sin réidhtithe agus sighnithe iseadh tháinig annsan an cheist thábhachtach ann conus a dhéanfaí é

thíodhlacadh do'n Rí. Dob é módh a dhéanta de ghnáth ná gach impidhe go dtí san a thabhairt do'n Tighearna Ionadaidhe agus súd d'á gcur go dtí an Rí, agus níl aon amhras dá mbristaí an nós ba ghnáth a chleachtadh ó'n gcéad uair a cuireadh an tÁrdchoiste ar bun go mba chómhartha é chómh diongbhálta agus dob fhéidir go raibh na Catoilicigh tar éis gach muinghin d'á raibh aca as rialtas na tíre seo a thréigean. Ach d'á threise mar ghníomh é do beartuigheadh tabhairt fé. Do bhí teachta misniúil óg ann (*Criostóir Dilliúnach Bellew ó Ghaillimh*) duine a bhuaidh mórghradam san gcóimhthionól le méid a mhaoine, agus a bhuaidh i bhfad ní ba mhó tré fheabhas a thallann agus a shobháilcí, agus a bhí 'na thaidhleóir thar ceann na conntae i nÉirinn is mó, b'fhéidir, go raibh seilbh maoine agus saoirse ag Catoilicigh innti agus nuair a bhí an impidhe léighte de'n turas deiridh d'éirigh sé agus do thairg, gan cainnt roimhré a chaitheamh leis, toscaireacht de mhuinntir na hÁrdchómhairle a dhul leis an impidhe do láthair an Rí féin. Do chuidigh teachta ó'n gconntae ba ghoire dho (*.i. S. S. MacDómhnaill ó Mhuigheo*) leis n-a thairgsint.

Aon bhuille d'á leithéid sin a dírigheadh chómh cruinn fé cháilidheacht agus, nach mór, fé anam an Rialtais, is ar éigean a fhéadfaí scaoileadh leis gan iarracht éigin a thabhairt ar é chosc. Niorbh ionnsuidhe gan coinne é, agus mar sin cuireadh saghas éigin d'iarracht eadarghnótha ar siubhal le roinnt daoine agus tugadh le tuigsint dóibh dá gcuirtaí an impidhe chun cinn ar an ngnáithbhealach go gcuirfeadh an Rialtas uatha láithreach é fé dheithneas agus go gcuirfidís molta láirdre 'na theannta ag treisiú leis. Do bhí na headarghnóthaí fós gan críochnú le linn an tairgsint eaglach do theacht ós cómhair an chruinnithe agus, tar éis roinnt duaidh, do cinneadh ag an gcómhdháil go bhfanfaí *leathuair a chluig* le toradh aon agallaimh amháin eile. Ba dheacair a shamhlú aon athrú dob aistighe ná ba lugha coinne leis ná mar bhí tar éis teacht ar an Árdchoiste. Na fir ceannanna céadna ná féadfadh roinnt bheag míos roimhe sin freagradh bhaint amach ag an gCaisleán, b'iúd iad annsan iad agus a n-uaireadóirí 'na ndóid aca ag tómhas na nóimeataí leis an Rialtas céadna san do dhiúltuigheadh dóibh le tarcaisne. Fé dheireadh do hinnseadh toradh an agallaimh agus do dheallruigh sé gur míothuigsint a bhí ag na dreama ar a chéile, nó ar na cómhachta a bhí aca, nó ar intinn an Rialtais, mar do luaidh an teachta (*Mr. Mac Eochaidh*) a chuir an scéal i n-úil, ná raibh san rud a ceapadh a bhítheas a ghealladh ach cómhrádh a thárlaidh idir

dhuine an-ghalánta agus é féin, *ach ní raibh aon ní le cur i n-úil aige ó aon dream údaráis.* Nuair a thuig urmhór an Árdchoiste, pé aca le ceart nó le neimhcheart é, gur eisiompláir eile é seo de chalaois an Rialtais, agus beagthábhacht d'á dhéanamh d'á gcuid aimsire agus d'á n-árdghradam féin, chinneadar ar cháineadh chómh géar is bhí 'na gcumas a dhéanamh ar Rialtas a bhí, 'na dtuairim sin, tar éis masla a chur mar mhaol ar olc chuca. " An gcuirfidh sibh bhur n-impidhe ar ionchaibh a leithéidí siúd ? " arsa t-óráididhe (Mac Eochaidh). Thug an chómhdháil borbdhiúltadh d'aonaitheasc uatha arís agus arís eile—" Ní chuirfeam," ar siad.

Ach bhí fós ann roinn bheag daoine a ghlac sceit roimh masla chómh hainspianta san a thabhairt do'n Rialtas (*.i. MM. MacCionnaoidh, Mac Gearailt, D. T. Ó Briain*). Dubharthas, ach gan bheith 'ghá áiteamh, go mb'fhéidir nár ró dheighmheastúil an rud é maidir leis an Rí féin neamhshuim chómh tarcaisniúil a thabhairt ar a fhear ionaid i nÉirinn ; agus gurbh é an gnáthnós is mó a bhain le gnás, nó b'é ba shéimhe, pé scéal é. Ach ní ísleochadh spioraid an chóimhthionóil fé'n am san chun muinnteardhas a dhéanamh le daoine ná raibh urraim aca dhóibh ná meas aca ortha. An té do tharraing an cheist anuas (Mr. C. Bellew) d'éirigh arís ag teannadh leis. Dubhairt sé nárbh é amháin a bhí mar bhun aige le n-a thairgsint na hiarrachtaí tarcaisne a tugadh chómh minic do na Catoilicigh, i bpearsain a gcuid teachtaí, ach go raibh so leis : ná raibh muinghin ar bith aige as dream ná cóimhlíonfadh aon ghealluint a thugaidís do Chatoilicigh agus go dtug iarracht an lae sin daingniú ar a aigne san scéal. Níor cómhailleadh go macánta fiú amháin leis an dream (*Tighearna Chinnmara agus an t-ochtar seascad*) a thréig a mbuidhean féin ar mhaithe leis an Rialtas. Do deineadh athchumadh agus ciorrbhadh ar an gconnradh a tairgigheadh dóibh sin. " Táthar tar éis a rádh," ar seisean, " gur dímheas ar an Rialtas atá san ní seo agam-sa. Mo fhreagradh-sa air gur chuige sin a ceapadh é. Is mithid dúinn ár dtuairimí a chur i n-úil go fearúil. Ní dhéanfam-na dálta na mogha ó'n Afraic bheith ag impidhe ar ár lucht sciúirse. Ní cheapfaidh an Rí choidhche 'na dhroichmheas é sinn-ne do chur impidhe umhall uiríseal fé n-a bhrághaid thar ceann trí milliún d'á dhílsigh féin atá fé anacra. Maidir liom féin is eol dom gurab iad tuairimí mo chonntae féin atá d'á chur i n-úil agam. Is mian liom go mbeadh fios mo ghnímh ag lucht mo churtha annso, agus táim ullamh chun seasamh ar gach slí leis an rud atáim tar éis a mholadh."

Ba láidir na bréithre iad san agus dubharthas cainnt 'na ndiaidh nár lugha fuinneamh. "Nílmíd tagaithe chómh fada so," arsa teachta ó iarthar na hÉireann (*Mr. Mac Diarmada ó Shligeach*) "chun go stadaimís i lár ár bhfuadair. Táthar ag trácht dúinn ar mhórdháil an Rialtais a bheith leonta. Is dóigh go mbeidh sé leonta ach is cuma liom. Ní himnidhe liom aon ní ach mórdháil Catoiliceach na hÉireann."

Annsan iseadh deineadh an iarracht deiridh ar shocrú an scéil a chur ar athló go dtí lá ar n-a mháireach ach do cuireadh láithreach go láidir 'na aghaidh sin. "Fanfam go maidean má's gábhadh," arsa fear misniúil óg (*P. Ruiséallach ó'n Lughbhaigh*) "ach caithfear an cheist seo a réidhteach sula scaram. Má théigheann an scéal amach sibh a bheith ag lagú, sin deireadh libh." "Fógruighimís ós árd,' arsa duine eile (*S. Eadbhard Devereux ó Loch gCarman*) "ár bhfuath do ghníomhartha ár namhad mar is iad súd naimhde na hÉireann. Níl muinghin ag na daoine as an Rialtas atá anois ann." Thug an cóimhthionól uile cómhaontadh leis na bréithre sin d'aon gháir. "Níl! Níl! Is do Rí, do Thighearnaí, agus do Comóntaigh a bheirimíd-ne dílse agus dúthracht, agus ní do dhrochaireacht a leath míochlú agus droichtheist orainn ar feadh na ríochta." Do haontuigheadh gach ní d'á ndubhairt maille re hurghártha molta mionca ó'n sluagh.

Do glacadh fé dheireadh d'aon ghuth leis an dtairgsint bhunaidh. Tré chúl a thabhairt do rialtas a dtíre d'aon ghnó agus de dhearbhthoil mar sin tar éis diospóireacht stuamdha a dhéanamh air, d'fhógair an tÁrdchoiste do'n tsaoghal mór go raibh muinghin chómh beag san as Aireacht an Rí i nÉirinn ag trí milliúin d'á dhílsigh ná tabharfaí iontaoibh leo fiú chun impidhe a bhreith chun an Rí. Is beag rialtas riamh go dtugadh masla chómh géar san air.

Ar an 7adh lá de mhí Nodlag chuir an tÁrdchoiste maille re guthaidheacht ós íseal chun cúigear d'á mbuidhin féin a thoghadh a bhéarfadh a n-impidhe do láthair an Rí féin, agus dob iad na daoine a toghadh Eadbhard Ó Broin, Seán Mac Eochaidh, Criostóir Dilliúnach Bellew, Séamas Eadbhard Devereux, agus Sir Tomás Frainnseach. Ní fhuaireadar de theagasc ach leanúint go dlúth de bhrí an ruda bhí san impidhe agus gan aon ní a leigean isteach a dhéanfadh dochar do'n chóimhcheangal, agus gurab é neart na hÉireann an ní sin. D'fhonn go mba sholamhanta de é an teagasc

san do scríobhadh ar phár é agus do chuir an Cathaoirleach agus Rúnaidhe an chruinnithe a n-ainmneacha leis.

Nuair a bhí gnó na himpidhe curtha chun críche mar sin'sé 'chéad ghnó eile do tharraing an tÁrdchoiste ortha féin ná cosnamh a cheapadh chun cáil na gCatoiliceach a ghlanadh ó'n bhfallsacht a bhí le tamall d'á chur i leith a gcuid prionsabal agus a n-iomchuir. Do bhí na míosa fada caithte aca ag éisteacht go foidhneach leis an míochlú agus an éitheach do bhítheas a shírleathadh 'na dtaobh le scannradh mar 'dheadh agus le truaillbheartaidheacht dáiríribh, níor bhacadar ach leis an ngnó mór a bhí ar láimh aca, toghadh foirleathan d'á dhéanamh aca ar theachtaí, agus níor leigeadar d'aoinne breith ortha i lúba na gconnspóidí polaitidheachta. Ní thugadar, d'á bhrí sin, aon iarracht ar iad féin a chosaint i n-aghaidh na mórthuile aithise bhítheas a stealladh ortha ó gach áird. Níor mealladh iad fiú leis an nglóire a bhainfeadh le bheith ag cómhrac le lucht mórchlú nó árdchómhachta, ach do leanadar go réimdhíreach ar a n-aghaidh, go mall, daingean gan buaireamh ó cheachtar aca garbhionnsaithe an mhórchuid cruinnithe ins na conntaethe, nó anuamhan fimineach Grand Júraithe áirithe a toghadh chuige sin, ná an imeagla dílseachta do deineadh a dheachtú do na bhárdasaí umhalurramacha. Ach ó bhí an bhuaidh anois leo bhí aga d'á réir aca agus do baineadh feidhm as chun frithfhreagradh i gcoitchinne a thabhairt ar na hasmhucháin go léir a caitheadh leo. Do cheapadar agus d'fhoillsigheadar, d'á bhrí sin, an cosnamh, agus bheartuigeadar do é bheith 'na ghluais mhínithe ar an impidhe, 'na iomchosaint ar a n-iomchur féin agus 'na bhréagnú ar gach cúiseamh a dhein a naimhde le mailís agus le héitheach 'na gcoinnibh.

Do bhí an cóimhthionól ar aon tuairim i dtaobh prionsabail an chosnaimh sin; ach d'éirigh ceist, maidir le habairt nó dhó, i n-aigne cuid de sna teachtaí. Ar uimhir na namhad a bhí i n-aghaidh a bhfuascalta bhí daoine a bhí i n-árdréim i ndálaibh polaitidheachta, cuid aca a bhíodh 'na n-uachtaráin agus cuid aca páirteach i gcruinnithe mar a bhfoillsightaí an namhdas ba dhanardha i n-aghaidh cúis na gCatoiliceach. Le linn freagradh bheith d'á thabhairt ar na hiarrachtaí sin, is ar éigean dob fhéidir a sheachaint gan cainnteanna agus tuairimí a rádh a bhíodh 'na dheargmhasla do lucht na háirdréime a bhíodh i gceist; mar, de bhrí nach polaitidheacht amháin a bhíodh ins na hionnsaithe sin ach míothaithneamh pearsantúil, leis, ag méadú géire na binibe ionnta, thárluigheadh, agus ní bhíodh dul uaidh, tré nádúir an chosanta agus, dar ndóigh, tré nádúir an

daonnaidhe féin, go mbaintaí feidhm as cainnt nár bhaoghal a leithéid a bheith ar siubhal i gconnspóid ba lugha fuinneamh. Níorbh iongnadh ar bith é má bhí daoine braitheach sula dtéighidís i ndálaibh coimheascair d'á leithéid sin le lucht údaráis chómh tábhachtach árd san. D'á bhrí sin do deineadh diospóireacht lán-mhór agus breithniú céillidhe ar gach cuid de'n chosnamh mar a raibh an tagairt ba lugha dho nó ainmniú cruinn ar an namhaid ba chumasaighe d'á raibh aca (*.i. An Tighearna Sainsiléir Mac Giobúin*).

Níorbh fhéidir i n-aon chóimhthionól Catoiliceach aon chosaint a dhéanamh ar ghníomhartha na ndaoine bhí i gceist. An dream, d'á bhrí sin, nár thuig go mba cheart fóirneart a dhéanamh i n-aghaidh fóirnirt (*.i. Mac Gearailt, Ó Dálaigh, Ó Loingsigh, ⁊rl.*) b'éigean dóibh bheith i dtaoibh leis an seanphort go mba chóir ómós a thabhairt do lucht árdréime, agus a bhaoghalaighe bheith ag cur uilc i leith daoine ionurrama. Ach b'in argóintí nár mhór an fonn a bhí ar lucht na cómhdhála aon ghéilleadh a thabhairt dóibh. Nuair a bhraitheadar a neart agus a n-aondacht féin agus nuair a tháinig gríosadh an ghéarchuimhne chuca ar an tarcaisne go léir a scaoileadh fútha d'aon-ghnó, bheartuigheadar ná scaoilfidís thársta aon chaoi a thiocfadh chuca le seans, nó tré 'na ngníomh-artha misnigh féin, agus go dtiubhraidís aiseag a ndroichmhéine d'á naimhde. Do bhí fonn ar gach duine beagnach a chur i n-úil an droichmheas agus an fuath a bhí aige do'n dream san gur ceapadh dóibh ag an gcómhdháil gur tíoránaigh gan chómhacht cheana féin iad, agus an iarracht lagbhríoghach a tugadh chun iad a shaoradh ar cháineadh phoiblidhe, do múchadh é fé ollgháir mhóir míoshá-saimh. " Cad é sin," ar siad (an Captaen Eadbhard Sweetman agus S. E. Devereux ó Loch gCarmain), " an é go dtiubhraimís faoiseamh do dhuine aca (Mr. Foster) go bhfuil boladh fola ár ndaoine fós uaidh ? nó do dhuine eile aca do mhaoidhimh go poiblidhe agus go hainspianta go bhfágfadh sé ar lár gach ar bhain de shéipéil leis na Catoilicigh. Is eolach dúinn-ne an duine sin (an Tighearna Mac Giobúin) ; níl fagháil ar mhaitheas uaidh ach le heagla a chur air. Cuirimís eagla air agus beidh meas orainn. Is é fear leathta míochlú ar ár muinntir é agus d'á bhrí sin is díol fuatha agus mímheasa againn-ne é. Níl san dílse féin ach baois agus dobháilce muna ngabhann caomhnadh le n-a chois ; agus an bhfuil fúinn-ne géil-leadh gan iachaibh a thabhairt do dhream do chongaibh cheana agus a chongbhóchadh fós fé dhaoirse sinn ag fonómhaid fúinn agus

'ghár dtarcaisniú ? Cad é an baoghal atá orainn ach ár n-easaontas féin ? Tugaimís aithne ós árd ar na cáirde atá againn agus bíodh 'fhios cia hiad ár naimhde. Bíodh meas againn orainn féin agus beidh meas ag an saoghal orainn. Thar gach ní ná tarraingighimís náire ar ár gcúis, ná ar an bpobal mór gur sinn-ne na taidhleoirí atá aca, le héidearbhthacht, ná moilliú, ná seachaint fírinne." Do cinneadh leis an gcómhdháil annsan d'aon-ghuth go bhfágfaí mar bhíodar na habairtí go bhfuairtheas locht ortha, gan athrú ar bith.

Leis sin bhí críochnaithe leis an ngnó tábhachtach mór gur tionóladh an tÁrdchoiste chun a dhéanta chómh maith, pé scéal é, agus d'fhéadfadh a ndícheall san é dhéanamh. Do caitheadh an chuid eile de'n aimsir ag gabháil a mbuidheachais le n-a gcáirde agus ag déanamh réidhtigh chun teacht le 'chéile arís. Do chuireadar rún buidheachais i bhfeidhm d'aonaitheasc le cathardhaigh Bhéal Feirste "mar gur ortha-san a bhuidheachas," a ndubhairt teachta aca, "gur féidir linn-ne teacht le 'chéile gan baoghal annso; siúd iad na forairí atá ar na dóirse againn ; is taca agat-sa iad, a Uachtaráin uasail, san gcathaoir sin" (*L. Taoiling*). Dob 'in rádh do bhain gáir scleondair as an gcóimhthionól. Do ghabhadar a mbuidheachas leis na teachtaí mórchlú san bPairliméid a sheasaimh do chúis na gCatoiliceach ann. Do ghabhadar a mbuidheachas leis na daoine tírghrádhacha a chaith a gcuid aimsire agus éirime d'iarraidh saoirse d'á gcómhbhráithre a chur ar fagháil. Do ghabhadar buidheachas le n-a gcuid oifigeach agus leis an bhFochoiste. Thugadar de chómhacht do'n dream san riarachán a dhéanamh thar a gceann féin ins na headraimh idir iad féin a scaipeadh agus a theacht le n-a chéile arís ; ach dheinearda athrú bunúsach ar rialacha bunaidh an Fhochoiste, maille re ceart páirtidheacht leis an dáréag a bhí go dtí san ann a thabhairt do theachtaí na tuaithe go léir, agus bhí gach duine aca san feasta, *ipso facto*, 'na bhall de. Do bheartuigheadar annsan d'aonghuth go n-aithtionólfaidís nuair a ghlaodhfadh an Fochoiste ortha, agus tugadh cómhacht dóibh-sin chun a dhéanta. "Tionólfam," do ráidh teachta ó chonntae cian, "dá mbeadh orainn dul lastall de'n mhórmhuir chuige" (*Ó Gormáin ó Mhuigheo*).

Tá rud amháin gur fiú trácht ar leith a dhéanamh air. Dob fhada mar fhuadar é fé naimhde na gCatoiliceach bheith d'iarraidh easaontas d'adhaint agus do bhuanú idir chléir agus tuata, agus is minic a bhí éirithe leis na gníomhartha san i slí, b'fhéidir, go dtagadh

deighilt idir an aodhaire agus an tréad. Tá sé luaidhte cheana gur le duadh a tugadh cuid de na heaspoig ar aon aigne leis an Árdchoiste i dtaobh na slí chun na teachtaí a thoghadh—ní nárbh ionchurtha i n-iongantas nuair a deintar machtnamh ar leochaileacht is freagarthacht an ionaid 'na rabhadar féin, agus an dícheall agus an oilteacht thar meon a caitheadh leis an iarracht chun iad a bhac ó bheith páirteach san ngnó. Ach, pé éideimhne nó míomhuinghin a bhí ar dtúis ortha, nuair a chonnacadar an pobal mór tuata ag teacht agus ag éileamh a gceart, chaitheadar uatha go fearúil an chúthaile agus d'fhógruigheadar, pé tuitim nó eirighe a bhí i ndán dóibh, gur fara a dtréada féin a gheobhaidís, beartú ciallmhar tírghrádhach a cuireadh i n-úil do'n Árdchómhairle ó'n mbeirt easpog aosta, an D Treo, Áirdeaspog Bhaile Átha Cliath, agus an Dr. Ó Maoláir Easpog Chorcaighe, a bhí ar an gcómhdháil iad féin agus do shighnigh an impidhe i n-ainm agus thar ceann móirdhreama na cléire i nÉirinn. D'fháiltigh an chómhdháil rómpa go hómósach deighmheastúil; ní lugha a bhí san ag dul dóibh ar son an gharma bheannaithe a bhí aca agus a sobháilcí pearsanta féin ná mar bhí thar ceann an bhreis mhór thairbheach nirt a bheireadar leo mar thaca do'n chúis.

Tar éis lucht an Árdchoiste a bheith imithe thar n-ais abhaile ar fuaid na tíre bhí sé mar chúram práinneach ar na daoine a ceapadh i gcómhair an dualgais onóraigh úd dul láithreach leis an impidhe go dtí an Rí. Thárlaidh le n-a linn sin ná raibh aon long taistil ullamh san gcuan agus bhí an ghaoth conntrárdha ann. Do bheartuigheadar, d'á bhrí sin, ar an slí timcheall, agus ba shia dar ndóigh, a ghabháil, ach gur thuras é ba lugha baoghal moille dhéanamh ann. Chun dul go hAlbain b'éigean gabháil tré thuaisceart na hÉireann agus go mórmór tré Bhéal Feirste. Ar shroichint an bhaile sin dóibh bhuail cuid de na daoine ba dhícheallaighe agus dob intleachtaighe d'á raibh ann leo, daoine fuair clú d'iarraidh claon aigeantacht a chur ar neimhní, agus ag teagasc an aigne phoiblidhe ann ar mhaithe le héileamh na gCatoiliceach. Le linn imeachta arís dóibh do baineadh na capaill ó'n gcóiste aca agus tarraingigheadh iad ar feadh na slí agus ollghártha gradama d'á leigean fútha ag an bpobal, agus bhí 'na measc san daoine go raibh deallramh ortha agus céim aca nár ghnáth fheicsint ar ócáidí d'á shaghas. Níor mhór a chur i n-úil mar chéim onóra do shluaghmhuinntir Bhéal Feirste gur eitigheadar síntiús maith a thairg lucht na toscaireachta Catoilicighe dhóibh; agus, tar éis iad a thionnlacan thar imeall an bhaile amach,

agus rath a ghuidhe ar a ngnó, chuireadar trí gártha beannachtan leo.

D'á luighead is mar thaidhseochadh an rud san do dhuine is mór an tsuim a deineadh de. Do bhí daoine ann a cheap gurab é thiocfadh de ná tuille connstaicí a chur roimh gnó go raibh míothaithneamh go leor ag an bPríomhaire Sasanach cheana féin do, tré aon bhaint a bheith aca le daoine gurbh fhios do'n tsaoghal an ghráin a bheith aige ortha. Do bhí daoine eile ann a mhol é de bhrí go neartóchadh sé an ceangal a bhí idir na dreama móra creidimh agus a bhí tar éis tairbhe mór a dhéanamh ag méadú meanman ins na Catoilicigh—buntáiste a ceapadh ba mó meádhchan agus neart go mór ná deighmhéin aon aire. Pé toradh thiocfadh de ar an eadarghnó i Sasana níl amhras ann ná gur árduigh agus gur neartuigh sé dóchas na gCatoiliceach san mbaile. "Má diúltuightar dóibh," ar siad, "filleadh ár dtoscairí an bóthar céadna abhaile." Dob inspéiseach an radharc é do dhaoinibh a bhreithnigh an scéal go doimhin, agus bhí tórmach deaghthoradh ann, Dí-aontach an Tuaiscirt d'fheicsint le n-a lámhaibh féin, ag tarrang Catoilicigh an Deiscirt go caithréimeach tríd an gcathair sin ba phríomhbhaile do Preisbitéireachas. Pé col a bhí ag Príomhaire Shasana leis mar ghnó, ba mhaith an rabhadh d'á chéill é, agus nuair a dhein sé an gnó a scrúdú 'na mheanmain ní dóigh go dtug sé i ndearmad é.

Ar theacht go Lonndain do'n toscaireacht b'é a gcéad ghnó ná a chur i n-úil do Rúnaidhe Roinn na nGnóthaí Dúithche (An tOnórach H. Dundas) gur cuireadh mar chúram ortha impidhe umhall na gCatoiliceach i nÉirinn a thíodhlacadh do'n Rí, agus d'fhiosruigheadar de cá ham ba chuibhe dul chuige le cóib de'n impidhe fé thuairim an Rí d'á léigheamh. Do cheap an tAire lá agus chuaidh an toscaireacht chuige, dheineadar cómhrádh fada leis agus chuireadar i n-úil go cruinn do an aiste 'na raibh pobal na gCatoiliceach, agus an ní bhí d'á éileamh aca. Ná beireadh aoinne leis go raibh an tAire, ar an taobh eile, chómh béalscaoilteach leo, ach d'éist sé go haireach leo agus do sheol uaidh iad le hómós deighbhéasach. Ba mhian leis-sin an impidhe d'fhagháil agus é thabhairt d'á láimh féin do'n Rí; agus ba mhian leis an toscaireacht iad féin d'á dhéanamh. Do himrigheadh roinnt cleasaidheachta ó'n dá thaobh san gcluiche sin, ach b'éigean do'n Aire ar deireadh géilleadh, agus fuair na toscairí toradh a ndaingne.

Níl ann ach a cheart féin d'á thabhairt do dhuine mórchlú a chur síos annso a mhéid atá Catoilicigh na hÉireann fé chomaoin ag fear a

gcóimhthíre, Iarla Muighe Rátha, dárab tideal an uair úd Tighearna Rawdon. Ní luaithe tháinig na toscairí go Lonndain ná tháinig sé chuca agus thairg sé go fial dóibh a thigh féin agus a raibh ann a chur fé riar a dtola ; thug sé fleadh agus féasta ar áilleacht an domhain dóibh go mion minic. Má bhí duine ar bith go gcuirfeadh a chongnamh breis leis an uaisleacht a bhí 'na ngnó, dob é duine é ná Iarla Muighe Rátha, ó'n dúthracht agus an muinnteardhas a chaith sé leo. Ach ní i dtaoibh le gníomhartha féile agus deighbhéas a bhí sé. Do bhí sé páirteach 'na gcómhairlí agus ar chuma, chuir sé a chlú poiblidhe i ngeall ar a gcúis : mar, le linn na práinne, nuair a bhí an tAire ag manaois le díoghrais na dtoscairí a bhí d'iarraidh dul i láthair an Rí, agus é 'ghá cheapadh, b'fhéidir, nach go ró shonaoich each d'aimseochaidís aon bhóthar eile chuige, tháinig Tighearn Muighe Rátha chuca agus dubhairt leo dá mba chruaidh dóibh g n-éileochadh *sé féin*, ar scáth a chirt Phiara, cead cainnte leis an Rí, agus go mbéarfadh d'á láthair iad ; agus dubhairt ar an am gcéadna, tré mhéid na fírinnighe agus an neimhcheilt a bhain leis féin agus le n-a mheon, go mb'fhearr leis féin gur ar an Aire a bheadh gradam an bhirt sin de bhrí gur cheap sé go mb'fhearrde a ghnó súd é, bíodh go mba mhór aige féin cáil an ghnótha bheith air. " Mar le hÉireannach agus le fear mileata," ar seisean, " b'fhéidir go gceapfaí go mba ró thighearnúil an iarracht uaim-se é mise 'bhur dtabhairt liom, agus, nuair a bheidh 'fhios ag an Aire go bhfuil sé i n-áirithe agaibh an Rí do shroichsint ar aon chuma, is dóigh gur lugha de an leisce bheidh air an chreidiúint do tharrang do féin. Má leanann sé, ámh, do'n diúltadh níl agaibh ach glaodh orm-sa." Do fíoradh an fhaistine sin fé mar thárlaidh ; ghéill an tAire agus beartuigheadh ar an gCéadaoin, an dara lá de Mhí Eanáir, chun iad a dhul i láthair an Rí. Ar an lá san i gCúirt San Séamas thug Mr. Dundas do láthair iad do réir fuirm agus nóis agus, fé mar theagaisc sé dhóibh, chuireadar isteach i láimh an Rí féin impidhe a dhílseach Catoilicidhe i nÉirinn. Ba shuaithinseach an chuma bhí ortha agus fuaireadar *a most gracious reception* mar a tugtar air i mbéarlagar na gcúirt rí ; sé sin le rádh b'é toil an Rí beagán focal a rádh le gach duine de na toscairí i ndiaidh a chéile. Ins na hagallaimh sin ní gnáth aon tábhacht san ádhbhar cainnte, is é an lághaiche an rud ar fad ; agus ní raibh aon chúis gearáin ag lucht na toscaireachta i dtaobh lághaiche an Rí.

Do bhí na Catoilicigh, máiseadh, le hiomad duaidh tar éis an Rí féin a bhaint amach ; bhí an Rí tar éis a n-impidhe a ghlacadh ar an

gcuma ba sholamhanta, agus bhí láineolas fachta ag a chuid airí i dtaobh an treo bhí ortha, i dtaobh a riachtanais, agus i dtaobh a n-éilimh. Do bhí a gcuid taidhleoirí tar éis an gnó a cuireadh ortha a chur i gcrích agus chromadar ar ullmhú chun teacht abhaile. Tar éis beagán laethe de thréimhse réasúnta a leigean thársta, chuadar ag triall ar an Aire de'n uair deiridh chun fios d'fhagháil, dá mb'fhéidir dóibh é, cad a cinneadh leis agus chun cead agus ceileabhradh do thiomáint leis. Le linn an chómhráidh san, dála gach cómhráidh roimhe sin, deineadh pléidhe go léidmheach láidir ar mhaithe le héileamh na gCatoiliceach, agus cuireadh 'na luighe ar aigne an Aire é i mbréithre ba threise ná mar is gnáthach a chaitheamh le duine d'á áirdchéim sin agus a bhainfeadh, is maith an dóigh, geit as eachlach uasal tighe mhóir. Tugadh le tuigsint do ar chuma ná fágfadh aon mhearbhall air go raibh síothcháin na hÉireann, nó an ní céadna—umhallóid na gCatoiliceach, ag braith ar pé iarracht a dhéanfadh an Rialtas ar mhaithe leo. Ach mar sin féin níor bhain aon corrbhuais do mheanmain réidh deaghsmachtaithe an Aire, agus bíodh gur éist sé go cúramach, agus ar uairibh go díoghraiseach leo, níorbh fhéidir aon bhogadh dhéanamh air ó'n deiscréid taidhleoireachta a bhí curtha go cúramach aige 'na chlaidhe cosanta 'na mhóirthimcheall. Tar éis a lán de'n chainnt choitchinn sin a dhéanamh atá 'na gnáithbhéarlagar i n-ionada oifigiúla, do hinnseadh do lucht na toscaireachta gurbh aithnid do'n Rí a ndílse, agus a ndúthracht do phrionsabail an bhunreachta ; agus, d'á bharr san go dtiubharthaí moladh ortha le linn do féin óráid a thabhairt ar ócáid tionnscnaimh an tseisiúin a bhí ag teacht ; agus ná hiarrfadh Airí Shasana de mholadh ná de chongnamh ortha ach do réir méid na fuascalta a tabharfaí dhóibh. Muna raibh a ndíol de shásamh san bhfreagradh éidearbhtha san, ab fhéidir a shíneadh nó a chrapadh aon fhaid, do thuigsint mhaol tuathtúil na dtoscairí, do cuireadh i n-úil dóibh go ndeaghaidh an tAire thar gnás seachas mar ba chleachtach i ndálaibh eile d'á leithéid ; agus, d'fhonn an mhaordhacht chóir a chothú do'n rialtais agus do'n phairliméid neimhspleádhach i nÉirinn, ná féadfaí, le cuibheas, a thuille a rádh ó thaobh, ná a éileamh ó'n taobh eile. Dob éigean dóibh bheith sásta leis an bhfreagradh san agus chuireadar mar cheiridhe sóláis le n-a n-aigne nár fhágadar féin aon ní 'na ndiaidh gan déanamh a shaothróchadh freagradh níos deimhnighe d'fhagháil.

Ba riachtanach fé'n am san bheith ag cur an tuarasgabháil le 'chéile a chuirfidís fé bhrághaid lucht a dtoghtha i nÉirinn. Caithfaí

feidhm gach buinbhrí do bhaint go láidir 'na aghaidh féin, do réir gach dlí a bhain le léiriú cainnte, as gach ní d'á ndubhairt an tAire; dob aithnid do'n Rí a ndílse; do tabharfaí moladh go fial ortha agus ní éileochaí buidheachas ortha ach do réir na fuascalta tabharfaí ortha. Ar chur na gcainnteanna san agus iomchur an Aire le 'chéile mar aon leis an tuairim a chuaidh i bhfeidhm ar a n-aigne le linn na gcómhráidhtí go léir agus an logha a bhíodar a leigean leis toisc leochailighe an ionaid a bhí aige, rud nár cheaduigh do freagradh ba ghunta a thabhairt, bheartuigheadar gurbh adhbhar sásaimh dóibh freagradh an Aire, agus níorbh adhbhar sásaimh do Chatoilicigh an uair sin aon ní fé bhun lánfhaoiseamh, agus ní has an gcainnt seo ná as an gcainnt úd a bhí an bhrí sin bainte aca as an scéal, ach as tuairim i gcoitchinne a bhuail iad de thoradh gach meoin d'ár thaispeáin Mr. Dundas dóibh ó thosach deireadh an eadarghnótha.

Tar éis dóibh cinneadh ar an méid sin, ó bhí an seisiún tonsaithe cheana féin, do cuireadh beirt d'á mbuidhin uatha láithreach chun a innsint do'n Fhochoiste i dtaobh gach ní d'á raibh déanta, agus cad é do cheap lucht an toscaireachta de thuairimí na haireachta i Sasana. Do ghluais an chuid eile aca go neambrostaithe, agus níorbh fhada na laethe nó go raibh na toscairí ar fad le 'chéile, go dtí aoinne amháin, Mr. Devereux ó Loch gCarman d'fhan i Lonndain 'na shaghas *Chargé d'Affaires*.

XIII

TAR ÉIS NA CÓMHDHÁLA

1793—Eanár 21 go Feabhra 8

Toscaireacht ó Choiste na gCatoiliceach go dtí Hobart, Rúnaidhe, chun éileamh na gCatoiliceach agus toil an Rí a dheimhniú dho. Lagú ar an éileamh agus achrann d'á dheascaibh san gCoiste. Mímhéin idir Mhac Eochaidh agus Tone. Hobart do thíodhlacadh impidhe na gCatoiliceach i láthair na Pairlimeide. Cead tugtha dho Bille fuascalta ar Chatoilicigh a thabhairt do láthair. Fuascailt neimhiomláin ann. " An rialú seachtarach " i n-ionad an Choiste. Neamhaontú géar idir lucht an Choiste.

Eanár 21.—Is le duadh an-mhór is féidir liom an dialann seo a scríobhadh go féiltiúil. Tá riaráiste gan cur dem láimh agam ó'n tseachtain sular fhágas Lonndain. B'fhearr liom chun iriseoireachta go mbeadh sé ar mo chumas am áirithe éigin a chur ar leith ach ó ba gheall le hórd deigheagair é sin níl súil ar bith agam go sroichfead go bráth é.

Ó'n bhFochoiste do cuireadh Sir T. Frainnseach, Mac Eochaidh agus Mac Dómhnaill ag triall ar Hobart chun a fhaisnéis do ná beidh Catoilicigh sásta le haon ní fé bhun lánfhuascailt. D'fhilleadar i gcionn tuairim uair a chluig agus míoshásamh mór ortha chun a chéile, agus tar éis greas cáinte a dhéanamh ar a chéile tuigeadh uatha, do réir mar admhuigh gach duine aca, i n-ionad an gnó a thug ann iad a chur i gcrích gurbh é a mhalairt ar fad a bhí déanta aca, mar gurbh é toradh an chómhráidh a dheineadar leis an Rúnaidhe ná go ndubhairt seisean go diongbhálta go raibh sé ar fad i n-aghaidh an ghnótha, agus bhí leithscéal tugtha aca dho, d'á dheascaibh sin, chun a cheapadh go nglacfadh na Catoilicigh go sásta le leith-iarracht. Ochón! och! Is iongnadh liom Sir T. Frainnseach, óir, maidir le lucht ceannaigh, tá sé ag tosnú ar dhul i bhfeidhm orm nach maith an sás chun réabhlóidí a chur ar siubhal iad. Agus sin é an chríoch a bhain do scaothaireacht Ghog: cheapas riamh nuair a chruadhfadh air siúd go mbeadh sé seachantach, agus gach ní d'á dtuiteann amach tá an tuairim sin d'á dhaingniú diaidh ar ndiaidh

agam. Do shocruigh an Fochoiste go scríobhfaí ag triall ar Hobart chun an dearmhad a chur i n-úil do is do deineadh d'á réir sin tar éis leasú agus aithleasú a chur ar an leitir. Ní har fónamh atá déanta tar éis na mbeart mar, i n-ionad an cheist a chur ar bhonn fhírinneach innti, níl ráidhte ach ná féadfar deighmhéin fialintinneach an Rí do na Catoilicigh a chóimhlíonadh ach tré athghairm na ndlithe daorbhroide. Theastuigh uaim féin treise níos mó go mór ná san a chur leis, agus sunnc a thabhairt i dtaobh an baoghal a bhain le manaois leadráin, ach do sáruigheadh mé. Magog an t-aoinne amháin do thómhais brí an scéil go ceart ; H. Hamill ba neasa dhc san. Do chuir Gog an chaidhp báis ortha-san 'ghá mhaoidheam go raibh féin ullamh chun seasamh le haon bhaoghal a thiocfadh ‹ dheascaibh aon rud ró láidir a scríobhadh. D'fhógair Eogha. Ó Conchubhair go raibh sé féin, leis, ullamh agus leis sin d'fhiafruigh Gog de, an raibh sé ullamh chun dul san longphort cogaidh ? Do fhreagair " go raibh." Is é, ámh, fírinne an scéil gur chun sceon a chur i Ned Ó Broin a cuireadh an cheist ; agus fírinne eile iseadh go raibh Ó Conchubhair ullamh, munab ionann agus Gog. Is dona an mac é tar éis an tsaoghail. Chítar dom, má deintar an obair choidhche, gurab iad fir na tuaithe dhéanfaidh é. Do scríobhas tráthnóna trí cinn de leitreacha oifigiúla chuig Devereux, an Chargé d'Affaires ag an gCúirt i Lonndain—*Mauvais jour*.

Eanár 22.—Do chuas go Sir Tomás Frainnseach. Cómhairle cogaidh ar siubhal. An Ridire Barúin ann, Séamas Pluncéadach, Éamonn Sweetman, P.P., agus Mr. Hutton agus iad ar aon aigne ó chómhrádh an lae indé go raibh an chúis tar éis dul ar gcúl céim ; go raibh, de dheallramh, spioraid na snamhaireachta ag sleamhnú isteach i dteannta an mheoin chun an éileamh ar cheart a lagú, agus muna gcuirtaí cosc lom láithreach leis go mba thrúig bháis é, do scoruigheadh go scríobhfadh an Sweetmanach forógradh feidhmiúil do'n náisiún chun a chur 'na luighe ar Airí go bhfuilimíd chómh daingean agus bhíomar riamh. Do tuigeadh má tugtar gach ní, ach cead dul san dá thigh Pairliméide a dhiúltadh, gurab iad na huaisle Catoiliceach ar leithileith an t-aon dream san tír a bheadh ar díth taidhleoirí. Do bhí a raibh d'uaisle ó'n dtuaith i láthair ar buile fé sin agus bhí Mr. Hutton agus P.P. ar a ndícheall 'ghá ngríosadh chun feirge.

Eanár 23.—Do leag an Sweetmanach a pháipéar i láthair an Fhochoiste agus tá sé go feidhmiúil fónta. Tharraing Mr. Hutton dréacht leasúcháin chuige i bhfuirm ionnsuidhe nimhneach fé'n

Tighearna Sainsiléir (Mac Giobúin). Do baineadh suathadh as an bhFochoiste. Do cuireadh cúram an scéil ar choiste fé leith, mar atá, Hamill, Mac Dómhnaill, Sweetman, Bellew, An Dr. Ó Riain agus Mr. Hutton chun a dtuarasgabháil a thabhairt air, lá ar n-a mháireach. Do chaitheas dinnéar fara T. Braghall agus gasra maith eile. An coiste ar siubhal tráthnóna : deineadh a lán athraithe ar ádhbhar an fhorógartha, an chuid ba mhó dhíobh ar chómhairle Hamill atá 'na dhuine an-chliste, agus é go mór chun tosaigh ar a bhfeaca-sa de'n lucht ceannaigh ameasc na gCatoiliceach. Do réidhtigheadh i dtaobh an fhorógartha agus tá sé ar fheabhas. An nglacfaidh siad leis ?

Eanár 24.—Dob é tús a chuir Sir T. Frainnseach ar an ngnó ná ionnsuidhe a thabhairt go láidir fé lucht an chruinnithe mar gheall ar spioraid na fuairthéidhe a bhí ag baint leo le roinnt laetheannta. Do thaithnigh san liom féin, agus le fírinne is mé ghríosuigh an Ridire Barúin chuige. Cuirfidh sé fuadar fútha atá de dhíth ortha. Do léigheadh an páipéar agus is ró bheag an fháilte a cuireadh roimhe. Is docht san ! Tá anois aca caoi thar na beartaibh chun sásamh a bhaint as a seannamhaid Mac Giobúin agus is baoghal go leigfidh siad uatha le faillighe é. Táthar míoshásta leis an bhforógradh ar dhá chúis : an chéad cheann mar gur ionnsuidhe fé phribhléid na Pairliméide é ; agus an dara ceann gur róshuarach leo dul ar iomarbháidh leis an Sainsiléir. Is é an dara ceann is mó a luaidhtar, tá beagán de dheallramh na heagla ar an gcéad cheann. Is é fírinne an scéil é *go bhfuil* eagla ortha agus is diail olc san. Ba mhisniúla go mór iad ráithe ó shin nuair ná raibh aon bhreith aca ar bheith chómh láidir agus táid anois. Tá anois aca, ní miste a rádh, an Tuaisceart ar fad, cead ainm an Rí a luadhadh 'na ngnó, agus a ndream féin fé áirdmhisneach agus iad ag tnúth go himnidheach le maitheas, agus sin iad anois iad imithe ar gcúl gan coinne ar bith leis, imithe gan chúis gan adhbhar. *Is caillte an scéal é sin.* Tabharfaidh sé aga do'n Rialtas mallaithe seo againn chun machtnaimh a dhéanamh. Táid siad d'á suathadh anois ó bhonn, agus is mó fós atáid scannraithe ná gortaithe. Táimíd-ne tré mhóirchineáltas chun iad d'fhuascailt ó'n sceimhle seo atá ortha, agus le guagaidheacht agus éidearbhthacht cómhairle againn táimíd 'ghá chur i n-úil nach baoghal dóibh sinn. Cad a theastuigh ó Ghog a dhéanfaidís ar maidin indiu ? Ní raibh uaidh ach go ndéanfaí athrú ar an iarratas san impidhe chun na Pairliméide, maille leis an gcuid de go bhfuil trácht go fuirmeanta ar athghairm na ndlithe daorbhroide

a scriosadh amach, agus é fhágaint i dtaoibh le cúrsaí coitchionna díreach fé mar bhí san gceann a tíodhlacadh do'n Rí; agus do moladh an chómhairle chríonna chródha san dúinn tar éis cóib de'n impidhe a bhí d'á cheapadh againn a bheith curtha i seilbh Hobart againn! Do dhiúltuigh an Fochoiste do'n tairgsint d'aon ghuth. Tá Gog ag dul ar gcúl go mear agus muna mbí sé aireach raghaidh sé ar lár ar fad. Tá easnamh éigin ag goilliúint air, easbadh tallann, nó ionnraicis, nó misnigh chun cúrsaí na gCatoiliceach a stiúradh san aiste go bhfuilid do láthair ann. Is é críoch a cuireadh leis an bpáipéar úd ná é chur ag triall ar an dream go dtugtar *ár gcáirde san bPairlimeid* ortha. Níorbh eol dom riamh aon mhaith do theacht ó'n áird sin: ach, máiseadh, "*'Tis but in vain for soldiers to complain.*"

Eanár 25.—Tháinig Gog isteach chun na cathrach agus do chuir gothaí móra air féin. Tá sé braithte aige go bhfuil sé ag cailliúint a ghradama i leith cúrsaí misnigh, agus d'á bhrí sin chómhairligh sé do'n Fhochoiste daoine oiriúnacha a chur go Dún Geanainn chun a mholadh do'n chómhdháil a thiocfaidh le 'chéile ann ar an 15adh lá d'Fheabhra, gan na Catoilicigh do ghlacadh le haon fhuascailt, muna mbíonn aithleasú Pairliméide ann, ar choingheall ná glacfadh na Dí-aontaigh le haon aithleasú ná fágfadh na Catoilicigh ar aon-chomhthrom cirt le cách fé. Níl san méid sin ach cainnt gan éifeacht. Is eol do Ghog go maith ná déanfaidh an Fochoiste aon chómhairle d'á leithéid, mar ba rud gan chiall é agus an treo atá ar an ngnó fé láthair; agus, fós, dá mbeadh fonn féin ortha, ná fuil cómhacht ná údarás aca chun a dhéanta. Níl uaidh ach amháin geáitse chur fé féin agus é bheith le rádh aige gur mhol sé rud a dhéanamh ná leigfeadh eagla do'n Fhochoiste a chur chun cinn.

Eanár 26 *go* 31.—Tá time Ghog ag dul i ngreim diaidh ar ndiaidh ar an bhFochoiste agus is cuma an time sin anois nach mór nó calaois dáiríribh. Tá tagaithe do'n chathair T. Mac Gearailt, d'iomchuir é féin go hainspianta i láthair na cómhdhála agus a chuir míghreann mór ar Ghog, agus tá an bheirt aca tar éis dul i gcómhar neamhaiceanta le 'chéile. Tá nimh curtha fé T. Warren aca araon. Meathtach iseadh an Fíonadóir agus tá sé, 'na theannta san, fé chómhachta Ghog; tá Mac Dómhnaill de shíor idir dhá chómhairle. Ní dheinid na teachtaí ó'n dtuaith aon ní diongbhálta. Ó bhun barr tá mílí ar an ngnó. Tá lucht toscaireachta tar éis dul arís ag triall ar Hobart ag réidhteach i dtaobh na himpidhe a thíodhlacadh. Ní thaithnigheann an t-iarratas atá ann leis toisc é bheith ró

chruinnebhaileach. Do fiafruigheadh de, dá n-athruightaí é chun bheith focal ar fhocal leis an gceann a tíodhlacadh do'n Rí, an ndéanfadh sé féin é thíodhlacadh agus an dteanntóchadh sé leis? Do dhiúltuigh sé do san ach dubhairt dá mba rogha leo é thabhairt mar ghnó d'aon cháirde leo féin ná déanfadh san aon athrú ar a ghníomh féin maidir le méid an fhaoisimh go mbeidh a chabhair féin le fagháil 'na chómhair. Is maith an chaoi é sin, má bhíonn sé de rath ar na Catoilicigh feidhm a bhaint as, óir ní mór do'n Aire géilleadh do'n ní atá molta ag an Rí agus beidh an lucht freasabhra fé cheangal toisc gur iad a bheadh ag tabhairt na himpidhe do láthair. Níl de thairbhe i Hobart d'á thabhairt do láthair ach go mb'fhéidir go naiscfeadh san air seasamh do'n rud uile.

An Fochoiste. Tar éis roinnt iomarbháidhe le dhá lá nó trí tá athrú do réir tuairim Ghog déanta ar an iarratas san impidhe. Is deimhin liom ná fuil an ceart aige. Dá mb'í an fhuirm go bhfuil socraithe anois uirthi an ceann dob fhearr, ní nach deimhin liom, níor cheart mar sin féin gabháil leis an athrú is lugha mar ná féadfadh aon chainnt, fé bhun í bheith 'na deargmhasla do'n Phairliméid, oiread díobhála a dhéanamh leis an soghluaiseacht agus an éideimhneacht so a bhaineann le n-ár gcómhairlí. Is ró olc an gnó é seo; ní hamhlaidh gur mór le rádh an t-athrú atá déanta ach gur cómhartha é ar mheath ár meanman. Níl ach trí nó ceathair de laethe ó dhiúltuigh an Fochoiste d'aon ghuth agus fé bheagán feirge d'aon athrú a dhéanamh. Tá glacaithe indiu leis an athrú céadna san d'aon ghuth agus fé chiúnas. A chreach chráidhte é!

Imreasán idir MM. Gog agus Hutton. Le linn an dios-póireacht deiridh i dtaobh an athraithe do luaidh Mr. Hutton cainnteanna áirithe a chualaidh sé lasmuich. Dubhart Gog le linn freagartha dho go cruinnamusach "Ná geobhadh an Fochoiste ortha cinneadh ar aon atharrach cómhairle toisc *cómhráidhtí le daoinibh nárbh eol ciarbh iad féin.*" Agus fós arís, "ná raibh fútha suim ar bith a chur i gcómhráidhtí *a deintaí i bpuill is i bpóirsí.*" Leis sin d'éirigh Mr. Hutton teasaidhe, mar bhí an bhreabhaid ró thréan ró chruinnamusach chun fulang léi. D'éirigh fé fheirg mhóir. Do chómhairligh T. Warren do gan labhairt ach do mhion-nuigh sé le díoghrais go ndéanfadh. Le linn an eadraimh dhein Eadbhard Sweetman aitheasc do'n Chathaoirleach agus do labhair bréithre móra molta ar Mhr. Hutton gur maoluigheadh leis sin ar fheirg an gráidhtheoir oirdhearc tíreach san agus a thug, maraon leis sin, aga beag do chun a mheabhair cinn a chruinniú. Do

bheartuigh sé go bhfágfadh sé beárna chómh réidh agus d'fhéadfadh do Ghog chun a leithscéal a ghabháil, d'fhonn is ná beadh adhbhar milleáin ar bith aige air féin. D'á bhrí sin, tar éis rinn a rosc a dhíriú ar Ghog, dubhairt sé le *móirchneastacht* gur dheimhin leis ná raibh sé ar intinn ag an duine uasal san aon rud a chur 'na leith féin, ach ó thárlaidh, go mí-ádhmharach, go bhféadfaí droichbhrí a bhaint as an gcainnt adubhairt sé, cheap sé go mba cheart caoi a thabhairt do chun a mbrí a léiriú. Ná dearnaidh sé féin (Mr. Hutton) riamh aon chómhrádh le haon duine i dtaobh gnóthaí Catoiliceacha ná déanfadh sé i láthair aon duine d'á raibh san tseomra ; agus ná dearnaidh gníomh riamh i gcúinne ná 'na mhalairt d'áit ná déanfadh arís ag an Royal Exchange le linn meánlae. Ná raibh aon *scéal rúnda* aige agus, d'á dhruim sin, ná raibh eagla chuige air. Go raibh sé 'ghá luadh san ar mhaithe le Gog d'fhonn go dtugadh san míniú cóir uaidh, *óir níorbh fhonn leis a thuigsint go dtárlóchadh go bhféadfadh Gog bheith ar intinn an droichní is lugha a chur i leith iomchuir Mhr. Hutton.*

D'éirigh Gog fé bhuaireamh 'na sheasamh leis na bréithre deiridh sin. Do chrom ar Mr. Hutton a mholadh agus a mhóradh, agus chuir sé a fhianaise ar an bhFochoiste gur ghnáth leis riamh a chur i n-úil a mhéid a bhí cúis na gCatoiliceach fé chomaoin aige tré n-a mhórshaothar agus a áirdthréithe, agus gurbh é a rádh i gcómhnaidhe go raibh sé de gheasaibh onóra ar na Catoilicigh *ní hamháin díolfiach a thabhairt do, ach conách a chur i n-áirithe dho chómh maith.* Gur tuigeadh do le roinnt laetheannta anuas go raibh fuadar ró mhór i gcómhairlí Mhr. Hutton, ag tagairt do ghnó na himpidhe, chun Catoilicigh a chur i n-earraid leis an bPairlimféid, ach gur láineol do ó thúis deireadh ionnraiceas sáircheart a intinne ; maidir leis na rudaí adubhairt sé féin, nár cheap sé riamh dóibh an droichní ba lugha a chur i leith Mhr. Hutton ; agus go mórmór, maidir leis an tagairt a dhein sé do "phóirsí," agus gur tuigeadh do anois nár chainnt léirbhrí í, gur thruagh leis gur shleamhnuigh sí uaidh agus dob fhonn leis í athghairm ; dubhairt sé iomad nithe lághacha eile agus d'umhluigh Mr. Hutton go talamh d'á bhfreagairt, agus dob shin mar cuireadh deireadh leis an scéal.

Is é fírinne an scéil, ámh, go raibh a fhios ag Gog go maith cad a bhí d'á rádh aige agus do bhí ar intinn aige milleán fiairsceo a chur ar Mhr. Hutton a cheanglóchadh de'n duine sin muna mbeadh gur chuir sé láithreach 'na choinnibh. Fírinne eile iseadh *nach duine daingean Gog*, agus mar sin is fearr do Mhr. Hutton é, mar go mbeidh

d'á dhruim sin greim diúide ar Ghog aige. Dá mba ná geobhadh sé a leithscéal chuirfeadh Mr. Hutton oifigeach áirithe ag triall air dárab ainm Eadbhard Sweetman (atá 'na theachta i gcómhair Loch gCarman agus gur beag é a chion ar Ghog) le teachtaireacht a bhainfeadh an mearbhall go tapaidh de, is deallrathach, i dtaobh a dhualgais chirt. *Déanfaidh súd fós mo chreidiúint-se a mhilleadh ameasc na gCatoiliceach má fhéadann sé é: deineadh, ach pé ní thiocfaidh, déanfad-sa an ní do réir mo dhualgais fé mar tuigfar dom é.*

Táthar, de dheallramh, tar éis éirghe ar fad as an bpáipéar agus an ionnsuidhe a bhí ann fé'n tSainsiléir. Níl trácht ag aoinne air. Scéal fada ó Dhevereux agus tuairisc ann ar chómhrádh thárlaidh idir é féin agus Dundas mar a ndubhairt Dundas, tar éis cur go géar air agus é theanntú, ná raibh beartaithe aca dul thar leathfhaoiseamh a thabhairt. Tá mearaidhe ar an bhFochoiste cad ba cheart dóibh a rádh leis sin. Tá ceol Devereux roinnt nótaí níos aoirde ná mar tá gléas ortha san fé láthair. Fé dheireadh dhein Gog ionnsuidhe cleasach cealgach fé Dhevereux ar scáth bheith ag gabháil leithscéil toisc a dhíoghraise agus luighead a thaithighe, agus le linn an aithisc do dubhairt fé dhó *go raibh súil aige ná déanfadh an Fochoiste dí-onórú ar a dteachta féin.* Do phléasc ar Eadbhard Sweetman, atá 'na cholceathar agus 'na charaid cléibh do Dhevereux; ghaibh sé an focal *dí-onórú* agus dubhairt sé ná leigfaí d'aoinne a dhuine gaoil do dhí-onórú. Do bhraith Gog go róchráidhte ná déanfadh an tslí sin an bheart do, agus gur bhaoghal do gairbhionnramháil ó'n Sweetmanach. Do chrom sé láithreach ar leithscéal a ghabháil le díoghrais is le déine, agus 'ghá chur i gcéill an meas agus an cion a bhí ar Dhevereux aige. D'aontuigh an Fochoiste ar an dtoirt leis fá'n méid sin agus dubhradh ná féadfadh duine san tsaoghal smaoineamh le mímheas ar Mhr. Devereux, agus mar sin fé dheireadh do maoluigheadh ar theirg an Sweetmanaigh, agus ní gan duadh é, agus rug Gog na cosa leis as clampar go raibh droichdheallramh ar dtúis air. Olc go leor a dhein Gog riaradh ar a chúrsaí is gurbh éigean do leithscéal a ghabháil fé dhó i n-aon tseachtain amháin. Ní lugha leis an diabhal ná Sir Tomás Frainnseach, an Sweetmanach agus Mr. Hutton, *agus fáth maith aige leis.*

Is é mo thuairim féin ná dearnaidh Devereux ionnramháil ar an ngnó fé mar dhéanfadh fear oilte polaitidheachta ach gur chuir an gnó dhe fé mar dhéanfadh Éireannach maith agus fear áirdmheanmnach; pé scéal é, ní tháinig aon drochthoradh ar an scéal mar bhí an *ultimatum* curtha go hÉirinn sula dtárlaidh an cómhrádh úd.

Do dícheannadh Rí na Frainnce ar an 21adh lá—*Is truagh liom gur ghábhadh é.* Agallamh eile le Hobart; tá sé toilteanach an impidhe a thíodhlacadh tar éis an t-athchruth a chur air, ach níorbh é a dhearmhad rabhadh a thabhairt ná beadh ceangal d'á bhrí sin air gabháil leis an scéal go léir. Deir sé gurab é faid a raghaidh sé ná pé faid a raghaidh an Tigh leis. Thug na Catoilicigh an impidhe dho le tíodhlacadh agus dubhradar go raibh súil aca gurab é thiocfadh de bharr a dhúthrachta ná é féin a bheith i dtideal buidheachais, agus Rialtas an Rí i dtideal congnamh d'fhagháil, ó Chatoilicigh. Níl aon chuid de'n cheart aca, measaim. Is do dhuine éigin neimhspleádhach ba cheart dóibh é thabhairt, mar tá ceangal ar Hobar cheana féin, tar éis óráid an Rí, a dhícheall a dhéanamh, agus ní hac cheangal breise é seo air sin, ach tá sé 'na bhacaighe ar an luc freasabhra; thairis sin níor thaidhsigh sé gur mhór an fonn a bl air é thíodhlacadh ar aon chor; agus, ar chuma, is amhlaidh a chuireadar air é dhéanamh, agus sin rud nach fónta, mar cómhartha iseadh é nach iontaoibh leo iad féin ná a gcáirde. Ní ró mhaith a thaithnigheann a n-imeachta liom le tamall anuas. Tá an mheanma caillte aca a thaidhsigh a bheith ionnta i Sasana.

Feabhra 1.—Diospóireacht ar an ngnó so go deireannach le díorma na nÓrcheardach. Roinnt laethe ó shin nuair chuadar ar *paráid* d'fhógair Warren, Alderman, dóibh dá leomhaidís máirseáil go gcuirfeadh sé gabháil ar na hoifigigh, agus leis sin, tar éis an scéal a chur tré chéile, do thoiligheadar scaipeadh. Dob é fáth a bhí leis sin ná go raibh daoine áirithe ag bagairt freasabhra fóirnirt, agus do ceapadh nár thráth cóir anois é chun clampar a tharrang idir na hóglaigh agus an Rialtas. Tuairim 250 Óglach atá i mBaile Átha Cliath agus tá ar a luighead 2,500 fear ar gharastún ann agus d'á bhrí sin níl éifeacht le bheith ag cur 'na gcoinnibh go fóill. An bhfuil beartaithe ag an Rialtas an chóir chéadna thabhairt do na díormaí eile? An leanfaid de nó go mbainid na hairm dinn go léir. Tá súil agam nach amhlaidh é.

Feabhra 4.—Do thíodhlaic Hobart an impidhe agus d'iarr cead chun bille a thabhairt do láthair agus tugadh san do. Is é suim na fuascalta do réir mar atá súd tar éis cailc a chur air ná mar leanas. Cead toghadóireachta. Giúistíseachas. Ceart chun scoileanna dcontais. Iontoghthacht ar bhárdasaí. Ceart chun iomchuir arm, fé choinghill. Puist Phoiblidhe, é sin, leis, fé choinghill; ach chífeam níos mó nuair a tabharfar an bille do láthair agus tuille fós eile nuair a glacfar leis. Is iad na nithe atáthar a chongbháil ar

gcúl: cead dul san dá Thigh Pairliméide, ar an mBinnse agus ar Bhórd na gCoimisinéirí Máil. Níl san dá cheann deiridh ach brilléis. Ní gábhadh Acht Pairliméide i n-aon chor chun rud a dhéanamh atá i gcumas an Rí a dhéanamh uaidh féin, agus tá prionsabal imdheighilte d'á chruthú aige nár chóir a bheith i n-aon chor le tabhairt fé ndeara dá mb'fhéidir. An mbeidh na Catoilicigh sásta leis an mbille seo? 'Sé mo thuairim go mbeidh, 'san diabhal dóibh! Tá mo ghradam-sa is léir ag luigheadú 'na measc ó uair go 'chéile de dheascaibh mo charad Gog agus, de dheallramh, déanfaidh súd díoláithriú orm-sa. Ní háil leis mise gairid go leor do chun a ghníomhartha a scrúdú, agus is mór is baoghal liom go bhfuil cúraimí fallsa éigin ar siubhal aige. Níl d'eolas agam ar a n-imeachtaí le seachtain ach oiread le bodach an bhóthair.

Feabhra 5.—Tá sáiriarracht tugtha ag Gog! Do thairg sé indiu, nuair ná raibh san láthair ach naonbhar, " d'fhonn discréide agus luathais go n-iarrfaí ar na daoine bhí ceapaithe le dul chun agallaimh leis an Aire leanúint d'á gcuid iarrataisí chun go gcuiridís chun críche cuspa na himpidhe." Tá cuma neamhurchóideach go leor air sin ach cad chuige é. Níl ann ach go gcuirfaí cómhacht an dreama Chatoilicigh ar thoil mhóirsheisir atá gan aon órdaithe deimhnitheacha aca, ná é d'fhiachaibh ortha tuarasgabháil a n-imeachta a thabhairt, ná iad freagarthach d'aoinne. Tá mar sin feidhm an Fhochoiste curtha ar athló *sine die*, agus tá dream na gCatoiliceach fé rialú seachtarach agus Gog 'na Dheachtóir. Tá san go diail breágh, ach ní dhéanfaidh sé an bheart. Agus is barr aitis ar an scéal é gur de lucht na toscaireachta *cúigear* de'n naonbhar a cheap an socrú ciallmhar so. Tá Magog, Mr. Hutton agus cách eile curtha go cruinn ó aon eolas nó eadarlámhas i ngnóthaí na gCatoiliceach agus tá san déanta gan fuirseadh ná fadhbadh. Ní féidir go bráth scaoileadh leis an socrú so. Caithfar frithréabhlóid a chur ar bun, nó cóimhthionól poiblidhe. Ní doimhne Poll Tighe Lábáin ná Gog. Do chuir Mr. Hutton an t-athrú so gan coinne i n-úil do Mhagog. Do chuaidh Magog le báinidhe; agus do mhóidigh go mbainfeadh sé na cosa ó Ghog. Siúd leis chun na cathardhaigh a ghríosadh i n-aghaidh an tseachtraigh. Réimheas róghearr á gheobhaidh siad is léir dom. Níl aon amhras ná gur neamhnáireach diail an iarracht é, agus gur gasta é ó Ghog.

Feabhra 6.—Tionól ag lucht míoshásaimh: do láthair ann. Magog, Captaen Sweetman, P.P., agus Mr. Hutton. Mórchuid cáinte d'á stealladh fé'n Deachtóir nua; agus cómhairle ceilge d'á

cheapadh i gcoinnibh a chuid údaráis. Tá nimh an scéil curtha fé'n gcathair go léir ag Magog. Do socruigheadh go nglaodhfaí an Fochoiste le 'chéile agus go gcuirfaí an rún ar ceal lér ceapadh an *Septemviri*; má buaidhtar i láthair an Fhochoiste orainn, glaodh ar an Árdchoiste annsan. Tá nuaréimheas Ghog ar barraoid tuitime cheana féin. Do shiubhail Mr. Hutton agus P.P. i n-éinfheacht; mórchuid gáiridhe fé Mhr. Hutton, é 'na athaire agus gan seilbh feasta aige ar mhuinghin na gCatoiliceach. Ní fada go ndéanfar an scéal go léir a leigheas. Ó nach fada go gcuirfar deireadh leis an *Septemviri* is dóigh gurbh fhearr a n-ainmneacha a chur síos annso: Sir Tomás Frainnseach, Seán MacEochaidh, Tomás Mac Gearailt, Rághnall Mac Dómhnaill, Criostóir Bellew, Eadbhar Ó Broin agus Donnchadh Tomás Ó Briain.

Feabhra 7.—Tá Magog ullamh agus tá glaodh tionóil curtha aige ar an bhFochoiste i gcómhair an lae amáirigh.

Feabhra 8.—Tá frithréabhlóid iomlán déanta, agus díoláithriú déanta ar an *Septemviri*, gan círéib ná achrann. Do thairg Magog go gcuirfaí rún an chúigiú lae ar ceal agus tar éis lagiarracht 'na choinnibh ag Gog do glacadh leis an tairgsint, *una voce*. Do chuir Gog uaidh na *fasces* agus do ghluais roimhe 'na aon de'n ghnáthphobal—Husá! Husá! Mr. Hutton thar n-ais arís i gcómhacht. Magog leis, agus deaghChatoilicigh uile eile. Husá. Tá deireadh leis an méid sin agus tá deireadh leis an Deachtóireacht tar éis réimheas trí lá. Go mbeiridh críoch chómh luath leis ar gach cómhacht aincheart! Tháinig scéal ó'n toscaireacht gur chuir Hobart fios ortha chun a innsint dóibh "ná féadfaí an bille chun faoiseamh a thabhairt do Chatoilicigh a chur chun cinn muna mbeadh sé 'na chumas a rádh go mbeifaí sásta leis an méid a bhí beartaithe a dhéanamh an uair sin; agus gurbh é brí a bhí le 'sásta' ná ná déanfaí gríosú ar aigne an phobail ar an gcuma a bhítheas a dhéanamh le tamall roimhe sin, nárbh é a ceapadh a rádh nár cheadmhach iarrataisí eile a chur chun cinn le himeacht aimsire; ach dá mba rud é ná beadh na Catoilicigh sásta go fóill go mb'fhearr seasamh go daingean anois ná géilleadh agus cómhacht a thabhairt dóibh a chuirfeadh 'na gcumas a thuilleadh de'n chiapadh a dhéanamh ar an Rialtas le linn an tseisiúin seo chugainn, b'fhéidir." Is toghail an chainnt í sin ag an Rúnaidhe. Tá le tabhairt fé ndeara gur ceaduigheadh san bPairliméid araer fiche míle d'arm, agus sé mhíle déag de mhilitia, agus go raibh an lucht Freasabhra, agus go mórmór an Grattanach, chómh díoghraiseach 'na thaobh

le lucht Foradh an Chiste féin. Is feilimeanta an dream iad le 'chéile gan aon amhras. Ní lugha é eagla Ghrattan roimh na daoine ná eagla Mhonc Mason. Cainnt fhada ar siubhal idir na Catoilicigh i dtaobh ciaca déarfaidís go rabhadar sásta nó míoshásta le bille Hobairt. Le bheith sásta leis do bhí Sir Tomás Frainnseach, Bellew, Ó Broin, Ó Conchubhair agus Mac Eochaidh ; i n-a choinnibh sin do bhí Ó Gormáin, An Sweetmanach, Mac Cormaic agus Séamas Pluncéadach. Tá so ar an gcruadhchor is tábhachtaighe d'á dtárlaidh fós i ngnóthaí na gCatoiliceach.

Fé thuairim a bheith sásta leis deirtar go dtiubhradh na daoine lasmuich druim lámh linn, tar éis an gnó a stiúradh fé rath chómh fada leis seo, dá ndiúltuighimís an bille seo a cheannach agus an íocaidheacht chómh suarach san ; nárbh é adubhairt an Rúnaidhe go gcaithfimís bheith sásta go deo arís leis an méid a bhítheas a thabhairt ach ná déanfaí aigne an phobail a ghríosú ; gach céim nirt d'á sroichfimís go mb'fheairrde ár gcumas é chun an chuid eile bhaint amach ; nár mhiste dhúinn an méid a bhítheas a thabhairt anois dúinn a ghlacadh agus i gcionn bliana nó dhó éileamh a dhéanamh ar an méid a bhí congbhaithe uainn ; go mbeadh cuid mhaith fuascalta le fagháil fé'n mbille seo agus nárbh fhiú a áireamh an méid daoine go ngoillfeadh na nithe do congbhuigheadh ar gcúl ortha i gcomórtas leis an méid a bheadh sásta le n-a bhfuairtheas ; maidir leis an mBinnse gur beag de dligheadóirí Catoiliceacha do bheadh oiriúnach, i gcúrsaí céimghradama féin, i gcómhair an ionaid sin go ceann na mblianta, agus sula dtagadh san go mbeadh, ní foláir, deireadh le gach eidirdhealú ; maidir le hionada san bPairliméid, dá mbeadh gach ní fachta, níl aoinne d'uaisle na gCatoiliceach ullamh, pé aca tré ghuthaidheacht lucht saoirshealbhachais nó eile é, chun dul san ngleic toghadóireachta ar láthair na huaire, ionnus dá mbeadh togha coitchionn gan mhoill ann is leis na huaisle Protastúnacha a bheadh an lá gan freasabhra ; go mbeadh atharrach scéil ann i gceann roinnt bheag bhlian agus do bheadh i gcumas na gCatoiliceach ullmhúchán a dhéanamh chun dul san gcoimhlint fé dhálaibh comhthroma. Dubharthas arís agus arís eile é ná leanfadh na daoine i gcabhair dúinn ; agus ar deireadh do fiafruigheadh cad a bhí ar aigne againn a dhéanamh dá dtugtaí an t-eiteachas dúinn, sé sin le rádh an rabhamar ullamh chun dul ar pháirc an chatha. Dob'in cainnt a chuaidh go maith i bhfeidhm ar chuid de lucht an chóimhthionóil.

Ar an taobh eile dubharthas, an ní gur cinneadh air le toil choit-

chinn Catoiliceach na hÉireann ar bheith ar aon láthair dóibh, ná féadfadh na daoine a ceapadh chun an toil sin a chur i gcrích cinneadh ar ghlacadh le n-a mhalairt; ná raibh an Fochoiste i dtideal fiú cainnt a dhéanamh ar thairgsintí an Aire; má bhítheas chun seilbh chomhthrom ar a gcuid de thairbhí an bhuinreachta a cheilt fós ar Chatoilicigh nár cheart do'n tionól an eidirdheighilt sin a cheadú maille le haon ghéilleadh a thabhairt do; go mb' olc an mhaise dhóibh anois níos lugha d'iarraidh nuair a bhí toilintinn an Rí leo, nuair a bhí congnamh an Tuaiscirt uile laistiar díobh agus an oiread san de chruinnithe creidiúnacha conntae ag a mbráithre Protastúnacha i dteannta a nirt féin d'á chur le 'chéile, ná mar iarrada cheana nuair ná raibh oiread san de nithe ádhmharacha ag cur l 'chéile ar mhaithe leo; gurbh iad ba bhun leis an dtairgsint ná a dream a bhí riamh 'na naimhde aca, agus gur d'aon ghnó a tugadh chun cinn é chun mearbhall agus easaontas a chur ar siubhal; go raibh na daoine ar thaobh an Fhochoiste fé mar ba léir ó'n lúthgháir foirleathan a bhí ar gach dream agus cinéal Catoiliceach de bhrí gur bheartuigh an tÁrdchoiste fuascailt iomlán d'éileamh; ná rabhadar iniúil ar aon chor d'á naimhde i gcleasa eadarghnóthaidheachta; má bhí an tAire 'ghá iarraidh go bhfaghadh sé an ráidhteas san le bheith sásta, rud nárbh fhéidir agus nár cheart do'n Fhochoiste a thabhairt, d'fhéadfaí an tÁrdchoiste a thabhairt le 'chéile agus níor ghábhadh ach tagairt do san chun eagla chur air ná leigfeadh do labhairt arís air; maidir le "páirc an chatha" nár chainnt chóir í le cur fé bhrághaid phobail gan arm a bhí ar thóir na gceart ba dhual dóibh, agus gan d'arm aca ná d'á iarraidh chuige ach "dílse ghruamdha, neamhmaitheach, chlamshánach, do réir na dlí." Agus ar deireadh dubharthas arís, agus do ródhearbhadh é, ó cinneadh leis an Árdchoiste i bhfábhar lánfhuascailt d'éileamh, ná raibh sé i gcumas dreama ná duine ar bith ameasc na gCatoiliceach glacadh le haon iarracht fé bhun lánfhaoisimh.

Tar éis mórán iomarbháidhe agus athghabháil ar na hargóintí sin rómhainn, ó gach taobh, do scaip an Fochoiste gan teacht ar aon chómhairle chinnte. *Is léir dom gur cailliúint thar fóir atá i ndán do'n ghnó ar fad.*

XIV

ACHT FUASCALTA NA BLIANA 1793.

An tAcht um Ghuthaidheacht do Chatoilicigh. Míoshásamh Tone leis. Argóna ó'n dá thaobh i láthair Choiste na gCatoiliceach. Eadarghnóthaí idir iad agus Hobart Ionnsaithe fé Choiste na gCatoiliceach. An Tighearna Mac Giobúin. Cead ó'n bPairliméid an tArm a mhéadú. Bacadh fós ar Chatoilicigh dul san Pairliméid, ⁊rl. Tairgsint leasaithe ó Sheoirse Knox, agus a horadh. Áireamh ar mhórlochtaí easnaimh an bhille ag Tone.

Do bhí tosach seisiúin na bliana 1793, b'fhéidir, 'na thráth chómh práinneach agus a thárlaidh le céad bliain i nÉirinn. Mar gheall ar an riail a luadhadh cheana do bhí gach teachta ó'n dtuaith, pé aca thar ceann conntae nó cathrach é, 'na bhall de'n Fhochoiste, agus leis an imshníomh a bhí ortha i dtaobh na críche bhéarfadh an cheist go raibh baint chómh mór san aici le n-a ndlúthmhaitheas agus le n-a ndóchas saoghail, d'fhan dream de'n chuid aca ba mhó fuinneamh agus meanma agus intleacht d'uaisle na gCatoiliceach san gcathair ar feadh an aga go léir go raibh dream na toscaireachta amuich. Nuair d'fhilleadar san, d'á bhrí sin, do bhítheas go dúthrachtach ag tinnreamh ar an bhFochoiste agus is géar mar do breithnigheadh gluaiseacht na nithe bhítheas a cheapadh chun faoiseamh do Chatoilicigh, agus do cuirtaí a lán nithe tábhachtacha a bhain leo fé dhiospóireacht teasaidhe i láthair móirthionól.

Ar scur go hathló do'n Árdchoiste, i Mí na Nodlag, agus ar feadh tamaill 'na dhiaidh, bhí an Rialtas i nÉirinn go duaircmheanmnach agus go scannraithe. Ó neart an bhuille a bhí fachta ó na Catoilicigh aige, agus d'fhág mearbhall air, ní raibh sárú an Aire le fagháil ar thosach an tseisiúin le lághaiche tláithínteachta. Do baineadh preab as an dúthaigh nuair d'fhógair an Phairliméid d'aon ghuth a gcómhaontú féin le prionsabal aithleasaithe agus nuair a ghaibh lucht an Rialtas leis gan imreas gan ochlán. Dar leat ní raibh ag na daoine ach gach ceart d'iarraidh a bhí abhfad d'á cheilt ortha agus go mbeadh le fagháil, agus bhí dóchas ag borradh i lucht sombuinghine go dtiubharthaí thar n-ais arís i mbuinreacht a dtíre an tsimplidheacht agus an ceart ba theoiric do, agus go scriosfaí as

gach ní neamhghlan d'á raibh ann. Ach níorbh fhada go ndearnadh scaipeadh ar an samhlú san, d'á shuaithinsighe de radharc é, agus níor mhór na seachtainí gur múscluigheadh an pobal ó'n dtaidhreamh go raibh buaidh beirthe ar thruaillidheacht danardha, agus go bhfuaireadar iad féin i láthair réim ainreachta ba dhaingean foirtil. Maidir le cúntas a thabhairt ar na gnóthaí a thug an t-athrú obann san gan choinne i gcrích, ní bheadh maitheas ar bith ann anois, d'á fheabhas é, ach díobháil, b'fhéidir ; ach ar son na fírinne ba cheart cuid aca a léiriú ; bíodh ná déanfadh taighdeadh ar sheanbhotúin athghairm ar aon chaoi d'ár imigh gan mhaith uainn, ba chosc botúin arís é dá dtárluigheadh san gcúinse céadna athuair sinn.

Dob é a n-aondacht féin ba thaca móirnirt do na daoine.] mí na Nodlag chuir na Catoilicigh a n-éileamh i n-úil de ghuth thóirnighe; iarratas dodhiúltaithe ab eadh é, de bhrí gurbh aonghuth trí milliún daoine é ; bhí laistiar díobh meanma agus intleacht uile na nDí-aontach. Do bhí Dumourier ag Brabant. Do bhí an Hollann 'na léinsigh tréith roimhis; agus Lonndain féin, níorbh aistear cian í siúd féin do dhíoghrais fhuadrach na Frainnce chun sroichsint chuici ; bhí margaidhe an airgid go guagach ; bhí tórmach cogaidh ann; bhí an tAire fé leathtrom agus, ar bheith do'n scéal mar bhí, ba dhíomhaoin bheith 'ghá cheapadh go gcuirfeadh sé suaimhneas an teinteáin i nÉireinn i mbaoghal le bheith ag cothú uaithsheilbhe éagcóra nár chabhair ar bith do'n ní ba mhian leis féin. Dob eol do na Catoilicigh an méid sin go maith ; dob eol dóibh go maith a neart féin agus laige a namhad ; agus is d'á bhíthin sin a thugadar beagáird ar bhuaileam-sciath na nGrand Júraithe, agus, le linn dóibh bheith ag cáineadh an Rialtais, nárbh eagal leo dul fé bhrághaid a Rí le héileamh ar fhaoiseamh gan teorainn. Ba shubhach an scéal é dá leanadh an mheanma chinnte sin mar stiúir ar a gcómhairlí. Ach ní maith bheith ag séanadh an ní nach féidir a cheilt. Pé cúis fé ndeara é do ceapadh atharrach córach, an fhoirleithne mhaol mhacánta a bhain leis an éileamh do tosnuigheadh ar é chur fé dhiospóireacht agus ó thráth an chéad agallaimh le hAire na hÉireann bhí meanma an phobail ag dul chun deiridh, agus d'fhill a muinghin agus a neart do'n Rialtas. Agus is amhlaidh do bhí ná an seisiún d'á dtáinig faoiseamh ciorrbhaithe, ach faoiseamh tábhachtach dar ndóigh é, do na Catoilicigh, do saoghluigheadh le n-a linn, chómh maith, acht i gcómhair militia, acht i dtaobh púdair agus acht toirmiscithe tionól círéibeach. De

deachtóireachta ar an Rialtas ; fágtar fé n-ár sliocht a mheas gan baoghal cad 'na chómhair gur baineadh feidhm asta, rud a dhéanfaid gan chlaoinbhreith. Ach ní hé seo ach é siúd.

Tar éis do na toscairí brí aithisc an Rúnaidhe a chur i n-úil d'éirigh iomarbháidh rótheasaidhe ameasc lucht an Fhochoiste. Is ceart a chur i n-úil go raibh, an uair sin, an chuid ba bhríomhaire agus b'éifeachtaighe de'n Árdchoiste páirteach san gceann eile Dob í ceist a bhí ann " Ciaca ghéillfidís do mhian an Aire agus maille re hadmháil go rabhadar sásta leis an mbille, a gcead a thabhairt le hiarracht ba lugha ná lánfhuascailt."

An dream a bhí 'ghá thathant glacadh leis dubhradar go dtiubhadh na daoine lasmuich druim lámh leo, tar éis an gnó a stiúradh é rath chómh fada leis seo, dá ndiúltuighidís an bille seo, go raibh adhbhair maitheasa chómh mór san dhóibh ann, a cheannach agus an íocaidheacht chómh suarach agus a bhí. Nárbh é adubhairt an tAire go gcaithfeadh na Catoilicigh a bheith sásta go deo arís leis an méid a bhítheas chun a thabhairt dóibh ach ná déanfaí aigne an phobail a ghríosú; gach céim nirt d'á sroichfidís go mb'fhearrde a gcumas é chun an fuigheal a bhaint amach ; nár mhiste glacadh leis an méid a bhítheas a thabhairt anois, agus go bhféadfaí i gcionn cúpla blian nó trí éileamh a dhéanamh ar an méid a bhítheas a chongbháil uatha ; ná féadfadh aoinne a shéanadh ná go raibh faoiseamh mór d'á fhagháil fé'n mbille sin ; nárbh fhiú a áireamh an méid daoine go ngoillfeadh na nithe a congbhuigheadh ar gcúl ortha i gcomórtas leis an méid a bheadh sásta leis an gcuid a fuairtheas ; le binnse an dlí d'áireamh mar shompla gur beag dligheadóir Catoiliceach, maidir le céimghradam féin, a bheadh oiriúnach do'n ionad san go ceann blianta agus gur dóigh go mbeadh, abhfad roimhe sin, deireadh le gach eidirdhealú i n-aghaidh Catoiliceach ; maidir le hionada san bPairliméid, dá mbeithí tar éis deireadh a chur le gach constaic creidimh is a gcur ar neimhní ar láthair na huaire sin ná raibh duine de na Catoilicigh ullamh, pé aca le guthaidheacht saoirshealbhach nó a mhalairt é, chun dul san ngleic an tráth san ; ionnus dá mbeadh togha coitchionn gan mhoill ann nárbh fholáir gur leis na huaisle Protastúnacha a bheadh an lá gan freasabhra, go mbeadh atharrach scéil ann i gcionn roinnt bheag bhlian agus go mbeadh i gcumas na gCatoiliceach ullmhúchán a dhéanamh chun dul san gcoimhlint fé dhálaibh comhthroma ; gur gléas an méid a fuairtheas fé'n mbille, agus go mórmór an cead chun guthaidheacht toghadóireachta, ná teipfeadh air chun gach

gan sos gan suaimhneas ar theacht a mbille féin, a bhí d'á mhoilliú d'aon ghnó go soiléir, do tiomáineadh na hachta úd a luadhadh go hairthineach luath tríd an dá thigh Pairliméide agus tugadh aontadh an Rí leo le haontoil forbhfáilteach gach dreama fá seach.

Ní gan freasabhra dian ameasc na gCatoiliceach a bhí na headarghnóthaí seo ar siubhal. Is mó diospóireacht teasaidhe a thárlaidh san bhFochoiste agus do chuir cuid aca go dian i n-aghaidh aon chiorrbhaithe dhéanamh san iarratas coitchionn. Ní gábhadh é, ná ní bheadh aon mhaith ann, bheith ag tabhairt aon tuairisc ar na cathanna mionca san mar a dtroidthí an troid chéadna arís agus arís eile chómh ceanntréan agus a bhí cheana, agus gan atharrach buaidhe d'á bhreith.

Le linn an bhille bheith ar siubhal chuir an tAire fios ar na daoine a ceapadh chun dul i gcóimfhreagairt leis agus chuir sé i n-úil dóibh ná féadfadh sé bheith freagarthach i leas an bhille munarbh fhéidir leis, le húdarás, freagradh thabhairt ar cheist a cuireadh chuige ó thighearna uasal san diospóireacht, " An mbeadh na Catoilicigh sásta leis an méid faoisimh a bhítheas a cheapadh dhóibh." B'é brí bhí le " sásta " aige ná ná déanfaí aon tsuathadh ar aigne an phobail fé mar bhítheas a dhéanamh le tamall anuas ; níorbh é bhí ceapaithe aige a rádh ná féadfaí iarrataisí eile dhéanamh uair eile ; ach muna mbeidís sin, na Catoilicigh, sásta ar feadh aga na huaire seo dob fhearr seasamh 'na gcoinnibh ná géilleadh dhóibh agus neart a chur mar sin ionnta go mbeidís d'á dhruim sin i n-inmhe an riarachán a chiapadh a thuille—an seisiún so chugainn b'fhéidir. Ba thoghail an chainnt í sin ag an Aire (Hobart, Rúnaidhe), agus ba mhór idir í agus an chainnt a bhí aige i dtosach an tseisiúin, ach bhí atharrach crutha tagaithe ar scéimh na polaitidheachta san aga gearr san. Ní raibh ann ach an oidhche roimh an agallamh san nuair a thug an Phairliméid a guth le harm 20,000 agus militia 16,000 fear, gníomh gur mhó é fuadar an lucht freasabhra chuige ná mar dob fhonn ná ba mhian leis an Rialtas féin. Gach ní d'ár ceapadh le hintinn breis nirt a thabhairt do'n Rialtas ba dhíoghraisighe dream aca ag gabháil leis ná an dream eile 'ghá thairgsint ; do cuireadh an náisiún uile fé ghéillsine go hiomlán do thoil an Aire, agus níor mhiste le cinnire an lucht freasabhra taise agus trócaire d'iarraidh d'athchuinghe ar an bhfear go raibh sé 'na chumas tráth a thoil a dheachtú dho—módh gnótha gur mó bhí baoithchineáltas ag baint leis ná críonnacht, fé mar do fíoradh go láinchinnte le gníomhartha an Rialtais 'na dhiaidh sin. Do bronnadh cómhachtaí

reachta na tíre na billí sin anois. Le linn an tsaoghail seo anois ann níorbh fhearrde duine bheith ag ríomhadh a dtréithe ; tabharfaidh sliocht ár sleachta breith chóir chomhthrom ortha; ach, bíodh nach ceadmhach, fé láthair, do'n té atá le feirg ar naisc fé'n bhfeidhm foirlcathan atá aca, aon bhreithniú géirmhion a dhéanamh ar na maitheasaí móra atá ionnta, d'á fheabhas spéis agus suim iad, ní dóigh gur gníomh cuirbthighe fós é a innsint mar le stair, i n-ealadhain mar í seo, conus mar ghluais gnóthaí go raibh baint chómh dlúth san aca le ceist na gCatoiliceach, ná tuairim a luadhadh i dtaobh an ní is dóigh a bhí i n-aigne na ndaoine a cheap agus a chuidigh leo, agus a cheaduigh na dlithe iomráidhteacha úd.

Dob é éileamh a cheap an tÁrdchoiste ná chun lánfhuascailt d'fhagháil ; agus dob é foláireamh a thugadar do'n toscaireacht ná leanúint go dlúth d'éirim na himpidhe. Do deineadh do réir an fholáirimh sin go friochnamhach le linn gach cómhráidh leis an Aire Sasanach. D'á luighead é ócáid a gcéaddul 'na láthair ní thabharfaidís aon ghéilleadh do'n ní dob áis ná ba thuairim do, agus le linn dóibh scaradh leis chuireadar arís i n-úil do, fé mar dheineadar le linn gach cómhráidh d'á dtárlaidh eatartha, ná beadh díol sásaimh do Chatoilicigh na hÉireann i n-aon ní fé bhun lánfhuascailt d'fhagháil. Ach, tar éis filleadh abhaile dhóibh agus a ngnó curtha i gcrích aca, is dearbh go dtáinig maolú ar an spioraid neamhathraitheach san, agus d'fhás iarracht de chinéal shoiréidhtigh, agus de chiorrbhadh ar iomláine an éilimh, i gcómhairlí na gCatoiliceach. Ar an gcéad agallamh dóibh le hAire na hÉireann d'éirigheadar láithreach as a gceart chun dul san dá Thigh Pairliméide, agus dob í ceist a bhí feasta ann, i n-ionad cá mhéid a caithfaí a thabhairt, ná cá mhéid d'fhéadfaí a chongbháil ar gcúl. Ní fhéadfadh an Rialtas, a bhí go braitheach, gan athrú chómh héachtach san a thabhairt fé ndeara ; is iad a tháinig chuca féin ó'n scannradh a thug ortha na deontaisí mídhiscréideacha agus, dar leo anois, neamhghábhtaracha úd a gheallúint le linn tionnscnaimh na Pairliméide. Do mhealladar na Catoilicigh go cleasach chuca go buaile daingean na headarghnóthaidheachta, gnó ab eol go maith dóibh féin agus nárbh eol ar bith do na Catoilicigh ; do mhoilligheadar agus dheineadar eidirdheighilt, do mhúscluigheadar amhraistí agus luadhadar deacraí ; do bhítheas ag baint, diaidh ar ndiaidh, ó mhéid an fhaoisimh a bhítheas a thabhairt ; agus, le linn leadráin agus imshnímh na diospóireachta san, le linn aigne na gCatoiliceach a bheith dírithe fé dhóchas agus fé imeagla

Caithfead, bíodh gur liom nach fonn san, staonadh ó thagairt do thréithe an tuarasgabhála san. Na heisiompláirí a chonnac de dhaoinibh gur imrigheadh díoghaltas míothrócaireach ó dhream fheargach na pribhléide ortha, is iad do bheir orm an fiuchadh uilc a bhraithim im chroidhe a mhúchadh fé shocht. Cad é an duine aonair arís a sheasóchaidh i n-aghaidh foiréigin cómhachta ar son tíre a leigfeadh do lobhadh i ngabhain carcarach? An tráth ghním machtnamh ar an tuarasgabháil úd sin míle ní d'á siadadh im aigne istigh láithreach agus iad ag lorg slí éalaithe. B'fhéidir go dtiocfadh an tráth—

Ní fhéadfadh an Fochoiste neamháird a thabhairt ar ionnsuidhe chómh danardha leis siúd, mar ar cuireadh 'na leith nithe agus d ndearbhuightaí iad go bhfágfaidís i mbaoghal na bpionós ba ghéir iad féin. Thar cách eile do cómharthuigheadh an Rúnaidhe a bh ortha (Risteard Mac Cormaic), fear a fuair gradam foirleathan go poiblidhe agus go príobháideach, agus bíodh go gceapfaí, dá mbeadh aon bhun ar aon chor leis na nithe a cuireadh 'na leith, gur ceart go gcuirfaí cúiseamh coiriúil ar siubhal 'na choinnibh, agus muna gcuirtaí an cúiseamh san ar bun 'na choinnibh go mba mhaith an dóigh d'á bhrí sin ná raibh bun ar bith leis an droichtheist, mar sin féin, ar bhreithniú do'n Fhochoiste an aiste 'na raibh bille na gCatoiliceach agus a ghéire ghoillfeadh asmhuchán de'n tsaghas a bhí san tuarasgabháil ar gach ní go raibh súil aca leis, agus ar cheapadh dhóibh gurbh é sin fuadar a bhí fé lucht ceapaithe an pháipéir úd, do bheartuigheadar freagradh a thabhairt go grod air agus sháruigheadar go solamhanta, alt ar alt, an cúiseamh a cuireadh 'na gcoinnibh, agus thairgigheadar iad féin, a gcuid foillseachán agus a gcuid cúntaisí do leigean fé'n scrúdú ba ghéire agus ba phoiblidhe d'fhéadfadh mailís namhad a cheapadh. Do chuir an Rúnaidhe amach, leis, cosaint ar leith air féin agus thug sé míniú iomlán ar na cúrsaí sin, cúrsaí a measfaí 'na scailéathan bréagach droch-aigeanta muna mbeadh gur i dturasgabháil Choiste de Thigh na dTighearnaí a cuireadh síos iad. Ach ba lag lúbach é cosnamh an Fhochoiste agus cáilghlanadh an Rúnaidhe i gcomórtas le hiarrachtaí foillsithe a dheineadar cheana. Níor chead do'n dream ná do'n duine aca ach cómhrac cosanta a dhéanamh agus bheith ag iarraidh na mbuillí a chur díobh gan buille a bhualadh thar n-ais; agus ní fhéadfaí a cheapadh greim ba dhochte ná san a bhreith ar aon duine árdaidhmeannach. An cime a bhíonn i láthair na cúirte baintar na géibhne de d'fhonn a aigne bheith fé shaoirse chun é

féin a chosaint. Do cúisigheadh an Fochoiste i láthair phobail a dtíre dúthchais agus dornasc ar a lámha agus laincis ar a gcosa agus gad fé n-a muineál ag lucht na bpribhléidí gan chuimse. Le hádhmharaighe an tsaoghail, ámhthach, bhí préamh curtha chómh doimhin sin san am san ag gnó fuascalta na gCatoiliceach nár bhaoghal do an stoirm seo féin d'á leagadh ar lár. Tar éis seachtainí fada a thabhairt go leadránach 'ghá phléidhe, ghaibh an Dáil leis fé dheireadh agus do seoladh chun na dTighearnaí é. Do chuir sé cúrsa an tighe sin leis de gan athrú ar bith ach, máiseadh, tugadh imdheargadh eile aoir air, le linn a thaistil, ó'n duine áirdchéimeach úd nár staon ach ag cáineadh na n-iarrachtaí bhítheas a dhéanamh chun fuascalta na gCatoiliceach, ar feadh an tseisiúin seo agus an tseisiúin roimhe sin; agus ar deireadh ar an 9adh lá d'Aibreán, 1793, tugadh aontadh an Rí leis maille re na gnása solamhanta.

Níorbh fhéidir i n-ealadhain mar í seo díol a gcirt de mholadh thabhairt ar áirdéirim na dtallann a foillsigheadh a bheith ins na hadhbhacóidithe san bPairliméid a oibrigh ar son éilimh na gCaitoiliceach. Níor mhaise, b'fhéidir, rogha a dhéanamh, ach máiseadh féin ní trúig míoghnaoi d'aon duine dhíobh a admháil gur sháruigh Mr. Grattan cách eile le feabhas na sáirthréithe do thaispeáin sé a bheith ann. Ba luath agus ba sheasamhach agus ba shírdhícheallach an cara do chúis fuascalta na gCatoiliceach é. Do chuir oirdheirce a chuid tallann ruithne gléigeal ar a gcúis sin gach tráth ba dhuairce bheireadh air. Ní dhearnaidh sé aon dá chuid dá lánchumas aigeanta ag cur leis an gcuspa mór úd; agus ba neamhshuim leis a ghradam poiblidhe féin a chur i nguais tré labhairt go fearúil ar a son nuair is treise bhí calán an phobail 'na shruthtaoide 'na gcoinnibh, agus nuair dob iad lucht a thoghtha féin a bhí ar tosach cluichte. Tháinig an tráth go bhfeacaidh sé an calán san ceiliúrtha ós a chómhair; rug an fhírinne agus an éifeacht buaidh ar an anfadh, agus bhí sé de'n ádh éidmhinic éagsamhalta ag an aon duine céadna san é bheith 'na threoraidhe ag cur pobail tíre thar n-ais arís fé bhuinreacht, fé mar bhí 'na threoraidhe le linn buinreacht do sholáthar dóibh.

Tá cóib de'n bhille thíos annso.* De thoradh ailt iolghabhálaigh amháin tá deireadh curtha le gach cáin agus coigistiú maoine, le gach díth ceart agus le gach díth cumais; tá maoin na gCatoiliceach saor feasta ó gach toirmeasc agus cumhangradh a bhain do fé dhlí na daorbhroide, agus iarracht mhór dá saoirse fachta thar n-ais

* Níl san eagrán so.

aca ó fuaireadar arís an ceart chun guthaidheacht toghadóireachta, a ceileadh chómh fada san ortha agus iad chómh piaclach san 'ghá éileamh. Tá ceart a gcosanta féin árís aca ó fuaireadar thar n-ais cead iomchurtha arm fé chonstaic cosctha ná fuil neimhréasúnta mar ná cuireann sé bacadh ach ar an dream is uirísle. Tá deireadh leis an eidirdhealú mícheart ainspianta a bhac ar Chatoilicigh dul ar Ghrand Júraithe agus ar choistí gearra ; níl a bhac ortha feasta bheith san arm nó san gcabhlach cogaidh, nó i mbeartaibh nó i n-ionadaibh mórmhuinghine, ach mar atá luaidhte síos annso a bheith ar eisce. Is cead do Chatoilicigh bheith 'na maighistrí n 'na bhfellows d'aon choláiste a cuirfar ar bun feasta, ar bíthin dl choingheall : an coláiste sin a bheith 'na bhall de'n Ollscoil, ag nach i gcómhair oideachais do Chatoilicigh ar leithileith a cuirfa ar bun é. Is cead dóibh bheith 'na mballaibh d'aon dream ionchorporaithe tuatach, ach Coláiste na Tríonóide amháin, d'aindeoin aon dlí, reacht ná riail d'á mhalairt d'á mbainfeadh leis an dream san. Is cead dóibh céimeanna léighinn d'fhagháil i nIolscoil Bhaile Átha Cliath. B'iad san, agus saordhála agus pribhléidí miona eile, ba chuid deontais do'n bhille, agus níl ach a chur i gcomparáid leis an impidhe chun a dtairbhe a mheas. Taidhseochaidh sé ó'n gcomparáid go ndearnadh cúram de gach gearán d'ár luadhadh agus go bhfuil deireadh curtha le gach cúis míoshásaimh d'ár *ainmnigheadh*. Ach, máiseadh, b'é brí na himpidhe *lánfhuascailt*, agus ní cóimhimeallach do'n bhille agus do'n bhrí sin. Ach cheana is é slí a caithfar méid an fhaoisimh atá fachta a mheas ná do réir méid an anfhorlainn agus na haithise d'fhulaing na Catoilicigh fé mar bhí ráidhte aca féin, agus le féachaint ó'n áird sin ar an scéal, beidh an bille gan amhras 'na bhun cirt ag an dream d'adhmuigh go raibh *faoiseamh tathacach substainteach* ann.

Ach bíodh go raibh iomad pribhléidí ba róthábhachtach fachta do na Catoilicigh chífar gur ceileadh a lán eile ortha agus go ndearnadh san ar an gcuma ba mhó tarcaisne dhóibh, mar, le linn an bhille a chur tairbhí uile an bhuinreachta ar fagháil do'n chuid dob íochtaraighe de phobal na gCaitoiliceach, do réir mar is dual dóibh feidhm a bhaint asta, dhealuigh sé a gcuid uaisle ar fad ó aon lámh a bheith aca san riaradh ba dhual ó nádúir dóibh. Is aisteach ar malairt córach iad ! Ar feadh na haimsire go léir go raibh ceist na gCatoiliceach d'á shuathadh dob é port a bhí go síorraidhe i mbéalaibh a namhad ná méid aineolais agus claon

aigne an phobail agus gur fhág san neimhinmheach iad i gcómhair cleachtadh na ngnás a bhain le saorchlanna. Táthar anois tar éis an t-aineolas agus an claonaigne a shlugadh isteach i gcorp an bhuinreachta, agus táthar tar éis a bhfuil léigheanta áirdéirimiúil, a bhfuil uasal conághach, a bhfuil uaibhreach oirdhearc, a ísliú ó n-a ngradam dhúthchais agus a tharcaisniú fé Acht Pairliméide. " Ní beithte do Chatoiliceach "—(féach Acht an 9adh lae d'Aibreán, 1793, ó leathnach 23, líne 4, go leathnach 26, líne 1.)*

Ar an strilín sin de bhaicgheasa tá a lán gan gábhadh leo, Acht Pairliméide d'á cheapadh chun rud a dhéanamh atá i gcumas an Rí a dhéanamh d'á thoil ríoghúil féin. Agus is fuathmhaire fós an dealú éaghmaise sin de bhrí a luighead baoghail atá ann choidhche aon Chatoiliceach Éireannaigh d'á cheapadh 'na Thighearna Lieutenant, nó 'na Thighearna Ionaid nó 'na Thighearna SárShainsiléara, nithe atá ar eisceacht san mbille go fuirmiúil d'aon ghnó, dar leat, mar chómhartha míomhuinghine agus uirísle le cur ortha. Ní ghoilleann aon eisceacht díobh san, ámh, ach ar a n-uabhar; tá tuille aca ann go bhfuil milleadh a gcuid maitheasa go cruinn ionnta.

De dheascaibh an chosctha san ó dhul san dá thigh Pairliméide atá ar na huaisle Catoiliceacha uile i nÉirinn, dream áirdmheanmnach fear, tá masla agus náire tugtha dhóibh agus ísliú déanta ortha ó'n gcéim ba chuibhe d'á gconách agus d'á gcuid tallann; tá lorgchómhartha na moghsaine curtha ortha, iarsma deiridh an doithigheasa agus na fearmadachta. Sin é an locht bunaidh atá san mbille. Má thuill na Catoilicigh an rud a tugadh dóibh thuilleadar an ní a ceileadh ortha; muna raibh an ní a congbhuigheadh uatha tuillte aca ba cheart iad d'eiteach fé'n méid a tugadh dóibh. Is neimhréir é, nach féidir a mhíniú do réir prionsabail ar bith céille ná cirt, bheith ag gabháil le haineolas agus le fearmadacht, agus le dream de na Catoilicigh, fé léith an bhuinreachta agus ag cur lucht róshleachta agus áirdchéime agus conáigh agus tallann ó fhothain foscaidh. Do dheascaibh an ghuthaidheacht toghadóireachta a thabhairt agus ionadacht san bPairliméid a cheilt ortha tá d'iachaibh ar uaisle na gCatoiliceach agus tá i gcumas dóibh beart feidhmiúil a dhéanamh 'na ndream leo féin go bhfuil cúram is cuspa d'á gcuid féin aca. Do síneadh

* Níor cheadmhach do Chatoilicigh bheith 'na dteachtaí Pairliméide, ná ar an bPrivy Council ná ar an mBinnse; agus bhí ionada árda Riaracháin ná ceadóchaí ionnta iad.

lámh le maitheas chuca, agus tugadh buille dhóibh leis an dara láimh ; agus tá cosc ar an bhfonn buidheachais a bhí ag teacht ortha ag an bhfeirg atá le ceart ortha—fearg do bheir i n-aontráth dhóibh an chaoi agus an chúis chun a cirte do shuidheamh. Munar ceapadh *iad súd* leis d'fhuascailt ba cheart geasa a chur ortha gan aon chion ranna de chómhacht polaitidheachta do bheith aca. Nach é adéarfaid siad ná fuil de shaoirse fachta aca ach an méid a oirfidh chun fónamh do dhaoine eile ? chun bheith 'na saor-ghabháltaithe áisiúla agus 'na dtoghadóirí cúnláisteacha, 'na bhfoirgneoirí ag ceapadh na mórdhachta agus na cómhachta ná leigfaí dhóibh féin bheith páirteach ann, 'na n-úirlisí úirílse ag méadú dreama gur maith is eol d'á dtuigsint uaibhreach macánt féin nach fearr i n-aon tréith iad ná iad féin ? Is tarcaisniúil an cean síos do lucht áirdéirime agus féile aigne é ! Do réir na dlí atá do láthair ann is ísle ó thaobh na polaitidhechta de'n scéal an duine uasal Catoiliceach, d'á aoirde a chéim agus a chonách, ná an té is suaraighe d'á thionóntaithe ; ag meas a dtreo agus a n-aigne le 'chéile tá lánfhuascailt fachta *aca-san*, tá lúb gránna dofhulangtha de sheanshlabhra na daoirse *aige-sin* d'á tharrang 'na dhiaidh.

Tugadh iarracht ar cheart a chur i bhfeidhm do Chatoilicigh, chun cóimhghné na Pairliméide a chomhthromú agus chun toil aithriúil an Rí a chur i bhfeidhm d'fhonn go mbeadh cóimh-cheangal páirte idir a ghéillsinigh uile ag seasamh do'n bhuin-reacht a bhí ann. An lá a leagadh an bille fé bhrághaid na Dála do thairg Seoirse Onórach Knox, teachta Dhún Geanainn, go mba chead do'n choiste gabháil le fo-alt d'á dhligheadh do Chatoilicigh cead suidhte agus guthaidheachta a bheith i bPairliméid aca. Dob fhearrde ceart agus uaisleacht an phrionsabail de bharr an mheanma agus an éifeacht a bhí ins an té do thairg é, agus a léirigh i gcainnt bhríomhair bhlasta, nár bréagnuigheadh mar nárbh fhéidir í bhreagnú, an chiall a bheadh le beart mar é, agus ceart na gCatoili-ceach chun é fhagháil ; agus ní ó chúrsaí logánta ná cómhaimsire a tharraing sé adhbhair ag treisiú le n-a argóint ach ó phrionsabail deighrialacháin agus ó thuairimí agus nádúir an daonnaidhe. Cad é, ar sé, is cuspa do'n bhille seo ? Is chuige é ná chun céim éigin saoirse cathardhachta a thabhairt do Chatoilicigh. Cad é an prionsabal mar sin agus cad é an cuspa a bhí agaibh le linn bheith ag toghadh na coda atá le tabhairt agaibh ? (*Vide* Hibernian Journal, Márta 18, 1793, Col. 2, alt 2). Ní locht ar éirim aigne an dreama bhí 'na choinnibh a rádh ná raibh i gcumas dóibh na hargóna

san do fhreagairt. Ní hi gcómhnaidhe, ámh, a thárluigheann troime na hargóna agus troime na slógh ar aon taobh. D'aindeoin díchill mhóir an lucht tacaidheachta le fuascailt na gCatoiliceach, agus d'aindeoin na dtallann a bhí go fiosach ionnta agus nár foillsigheadh riamh cheana ní ba ghléinighe, do buadhadh ar an tairgsint de bhreis mhóir, thug duine is seachtmhó guth ar a thaobh agus gan níos lugha ná céad seasca agus cúigear* 'na choinnibh. Ach d'á aindeoin sin ba gheall le buaidh é an briseadh catha san féin i gcomparáid leis an seisiún seo caithte de'n Phairliméid. Ní raibh ach fear le fagháil an uair sin d'aontóchadh le himpidhe a ghlacadh ná raibh, le fírinne, éileamh ar rud ar bith ann ; an turas so tá duine agus seachtmhó, agus ortha san mórchuid de lucht éirim aigne agus lucht conáigh, agus go mórmór lucht tallann an tighe, tar éis guth a thabhairt chun pribhléidí an bhuinreachta a chur ar fagháil do Chatoilicigh.

Is é diúltadh an chirt chun suidhe agus guthaidheachta san bPairliméid an príomhadhbhar gearáin atá ag Catoilicigh na hÉireann anois. Beart eile atá foriadhta ortha is tábhachach é. Ní beithte dhóibh bheith 'na n-árd- ná 'na bhfoshiriama, agus is eisceacht é sin a bhaineann go mór ó thairbhe an deonúcháin do bheir cead dóibh dul ar Ghrand Júraithe. Nuair a deintar a mheas ná tugtar an oifig choidhche ach d'fhear maoine agus gradama, is deacair a thuigsint cad chuige an oifig d'iadhadh i n-aghaidh duine a bheadh aineisceach ar gach slí eile ach amháin de bhrí go mbeadh 'na Chatoiliceach. Gach argóint dob fhéidir a phléidhe ar son iad a leigean san bPairliméid tá feidhm níos treise fós aige ar son iad a bheith iontoghtha i gcómhair oifige siriam ; agus pé baoghal a bheadh ann, dá mba thuar baoghail é, nár chóir gurbh 'in deireadh leis : a mhachtnamh gur fé'n gcoróinn féin atá duine a cheapadh chun na hoifige úd agus go bhféadfaí iontaoibh a thabhairt le n-a dheiscréid sin agus le n-a lucht cómhairle san bpribhléid códhnachais sin. D'á bhrí sin, cosaint gan riachtanas ar an gcuid is fearr de, iseadh bheith ag cur bacadh dlí le Catoilicigh ; agus gach bacadh d'á leithéid a beartuightar ó phrionsabail míomhuinghine agus drochamhrais, is masla de bhíthin an méid sin é, agus masla ar leithileith é seo do lucht uasailchine agus conáigh agus béasmhúinte amháin.

Tá ní eile is mór tábhacht, agus is iadhta i n-aghaidh Catoiliceach fós é bíodh ná fuil luadhadh dearbhtha déanta air. Do réir an

* 69 agus 173 do réir áirimh a dheinid údair eile

bhille " is beithte dhóibh bheith 'na mballaibh d'aon dream ioncorparaithe tuatach d'aindeoin aon dlí, reacht ná riail d'á mhalairt sin." Ach ceadúnas gan éifeacht iseadh so maidir le feidhmiú. Níl ach trí slite ann chun bheith iondulta ar dhreamaibh ionchorparaithe—tré bhreith agus athardhacht, tré sheirbhís, nó tré ghrás speisialta. Níl fagháil ag Catoilicigh ar an gcéad ní dhíobh óir bhí a n-aithreacha fé mhoghsaine le sinnsireacht. Níl fagháil aca ar an dara ní mar ba chuid riamh é de mhionn ag saoránaigh gan mac moghaidh d'fhostadh 'na phríntíseach, agus tháinig de sin nár leigeadh Catoilicigh isteach. Dob fhéidir an treas doras d'oscailt tré fhéile corpraitheoirí bProtastúnach ; ach san gcúinse sin sháruigh an dlí an gnás againn-ne. Tá fearmadacht doithighéasach na príomhchathrach chómh braitheach san go bhfuil éirithe leo Catoilicigh a chongbháil amuich ; agus tá a ndícheall déanta aca ar gheas buan a dhéanamh de'n chosc san ar Chatoilicigh ; agus do nochtadh an spioraid mhíocháilmhar san ar dhiúltadh dhóibh a saoirse thabhairt do dhaoinibh a ghaibh tré chúrsaí promhtha a gceardchualacht féin, agus ortha san tá fir tréitheacha galánta nár sáruigheadh san bhárdas féin ná i bpobal na cathrach. An chómhacht gan chuimse atá go fiosach ag an Rialtas ar an dream san, bheir sé cuma níos bríochontrárdha fós ar a ngníomhartha, agus go dearbh ní deallramh dáiríribh ortha é, pribhléid thábhachtach a thabhairt do Chatoilicigh agus, ar an am céadna, a bhacadh ortha feidhm ar bith a bhaint as a mhaitheas.

Ní hé is mian liom míoshásamh a ghríosú tré bheith ag tagairt do na ranna de'n bhille ba thrúig díombáidhe do dhóchas na gCatoiliceach. Is fearr cuid aca agus is laige a thuille aca ná mar ceapadh go coitchionn dóibh. Na ranna do thoghas is masla iad, 'na gcruth, do thuairimí Catoiliceach, agus is díobháil iad, 'na mbrí, do thairbhe an dreama san. Ach is é locht mór bunaidh an bhille go bhfuil claonadh fós ann chun dealú leithleach a bhuanú agus, d'á dheascaibh sin, easaontas idir na daoine. An fhaid is beo an ruaine is lugha de'n tseanchóras daorbhroide, is ar fionnraighe, agus ní ar ceal, a bheidh an mhioscais, mairfidh adhbhar an truaillithe fós, agus fásfaidh. B'fhéidir go gcoiscfaí an galar tamall le ceiridhe faoisimh, ach níl fagháil ar chóras buinreachta a bheidh fónta, buan, a chur fé réim arís gan an galar a scrios go hiomlán.

XV

TUAIRISC UILIAM T. WOLFE TONE AR IMEACHTA A ATHAR Ó MHÍ NODLAG, 1792, NÓ GUR IMIGH AS ÉIRINN.

Cómhdháil na gCatoiliceach. Tíorántacht an Rialtais agus gníomhartha an Choiste Rúnda. Ciapadh an phobail. Aigne na ndaoine ag claonadh chun na Frainnce. Éireannaigh Aontaithe ó smacht ag dul le gníomhartha fóirnirt. Liam Mac Siachais. Teagmháil Tone leis-sin agus tuarasgabháil Tone ar a chuid cóimhfhreagartha leis. Triail an tSiachasaigh agus a bhás. Bagairt ar Tone. An cóimhréidhteach a deineadh idir é agus an Rialtas.

. . . .

Ag déanamh ar dheireadh na bliana san, 1792, is mó de dheallramh go n-éireochadh leis a bhí ar na hiarrachtaí diana bhí d'á dhéanamh aige chun pobal na tíre a thabhairt le 'chéile i n-ainm an aontaidh agus na saoirse, ná mar bhí riamh cheana. Do bhí na Catoilicigh agus na Dí-aontaigh gabhtha le 'chéile agus bhí córas iomlán taidhleoireachta ar bun ameasc an chéad dreama aca san a chuir ar a gcumas gearánta agus tuairimí trí milliún duine d'urghabháil agus d'fhógairt i n-aon ghuth amháin. Is de thoradh an mhór-shaothair a dhein Fochoiste Bhaile Átha Cliath, agus m'athair mar aon leo, go dtáinig an rud mór san i gcrích. Do cuireadh 'na leith, go mórmór tar éis Tighearna Chinnmhara agus seasca a hocht de lucht ceannais agus uaisle na gCatoiliceach d'imeacht ó shluagh mhór a gcómhbhráithre an bhliain roimhe sin, gur dream iad a bhí ag leigean ortha go bréagach gurbh iad an lucht labhartha ar son na gCatoiliceach iad. D'á dheascaibh sin, tar éis an spioraid a mhúscailt, ar gach cuma dob fhéidir leo, i n-a ndream féin ar fuaid na ríochta uile agus fios a leathtrom agus a ngearánta a chur i dtuisgint dóibh do ghairmeadar ó gach conntae agus cathair i nÉirinn uimhir de thaidhleoirí, a toghadh le saorthoil, chun a bheith páirteach 'na gcómhairlí.

I dtosach Mí na Nodlag, 1792, do chuir an tÁrdchoiste sin na gCatoiliceach, a bhí ag labhairt de'n chéad uair thar ceann nirt uile a ndreama féin, tús le n-a gcruinnithe, agus ba leor iad do shuidhe

amháin san bpríomhchathair, le fuirmí eagair cómhdhála reachtais, chun saghas uathbháis agus mearbhaill aigne a chur ar an Rialtas. Ní tháinig cómhdháil le 'chéile riamh fé ionchas níos fearr. Do bhí a gcáirde ar bíodhgadh, bhí mearbhall ar a naimhde agus ar bheith do rialtas na Breataine fé bhuaireamh san mbaile, níorbh fhonn leo-san aon eadargán a dhéanamh. Ó leitir le Risteárd de Búrc go bhfuil tagairt di i ndialainn m'athar i gcómhair an 23adh agus an 24adh de mhí Iúil, 1792, mar aon le n-a fhreagradh, ba léir gur tuigeadh dóibh go raibh sé ceapaithe ag Sasana bheith neodrúil san iomarbháidh. Ba mheathta leo mar chómhairle a dhéanamh mar mhol an duine úd : géilleadh gan strí agus iad féin a dhéanamh chómh taithneamhach agus dob fhéidir leo leis an dream Rialacháin. Ba leor leo mar dhídean an neart a bhí ionnta féin—neart nár meádhadh a mhéid ag a naimhde ná ag a gcáirde, spioraid agus aondacht na ndaoine agus an chabhair a bhí na Dí-aontaigh a thabhairt dóibh, agus do bheartuigheadar an scéal a thabhairt chun cinn agus gearán a chur go díreach fé bhrághaid an Rí i n-aghaidh a Rialtais féin. Dá leanaidís de'n ghnó leis an meanmain chéadna bhí ionnta ag tosnú dhóibh níl amhras ná go n-éireochadh leo.

Dob é an príomhghnó fár tugadh an cruinniú san le 'chéile ná chun ráidhteas ar a gcuid leathtrom, agus cosnamh ar na Catoilicigh, agus impidhe chun an Rí a scríobhadh agus iad san a sheoladh go dtí an Rí go díreach gan bac le n-a gcur ar an ngnáithbhealach tré láimh an lucht Rialacháin i nÉirinn. Is ar na páipéir sin do céadchuireadh síos go cóir ar iomláine na leathtrom a bhí ortha agus do héilmhigheadh athghairm go hiomlán ar na dlithe daorbhroide sin a bhain a gcuid ceart cathardhachta, agus an ceart is dleacht do'n duine féin nach mór, de naoi ndeachmhaithe de mhuinntir na tíre 'na ndúthaigh féin. Dob é m'athair do scríobh iad, an t-aon Phrotastúnach a bhí ar an gcómhdháil agus bhí sé ar dhuine de'n toscaireacht do leag i láthair an Rí iad.

Ní mór dom a rádh annso anois, bíodh gur leig an Rialtas Éireannach ortha gur scannruigheadh iad le leitir teoiriciúil grinn a scríobh m'athair agus a tháinig chun láimhe aca, mar a luadhas cheana, tamall 'na dhiaidh sin, ná raibh sé ag lorg ar an uair sin ach saoirse a bhaint amach i ndiaidh a chéile d'á thír tré mheoin dlí agus dleachtchórach agus gan dul i ndréim ceannairce, agus tré chómhaontú Dí-aontach agus Catoiliceach, gur díobh urmhór an phobail san tír, bheartuigh sé an cinnseal rialaithe agus daor-

smachtaithe a bhí ag na Protastúnaigh a mhúchadh agus an códhnachas a bhí sladaithe aca a bhaint díobh. Agus ba mhaith an mhaise do Shasana é dá mbeadh sé de chiall agus de dhearbh-thoil ag a lucht riaracháin seasamh le cúis an chirt i n-ionad seasamh le cúis na broide. Na milliúin atá caithte agus na tuilltí fola atá doirtithe i nÉirinn do seachnóchaí iad, bheadh buidheachas agus grádh buaidhte aici ó n-a háitreabhthóirí mórchroidheacha, agus bheadh cóimhleacaidhe dílis fónta fachta aici chun troid le n-a taobh i n-am na deabhaidhe 'na dhiaidh sin, i n-ionad namhad fé shlabhradh gur ghábhadh leath a lucht armála d'á shíorfhaireadh chun é choimeád ar lár.

. . . I rith na bliana 1792 go léir chuaidh gnó na gCatoiliceach chun cinn go tapaidh agus go dian. I ndeireadh na bliana thaidh-sigh sé go raibh mairbhitighe tagaithe ar an Rialtas i nÉirinn. Le lánchómhacht na nDí-aontach ag cabhrú leo, mar aon le Pro-tastúnaigh saoirmhéine na tíre agus dream na Whigeanna san bPairliméid, bhuaidh an tÁrdchoiste cead an Rí d'á n-éilmhithe agus cómhaontadh an Rialtais Bhreatainigh. Ní fada, ámh, go dtáinig claochlódh ar an deighscéimh sin a bhí ar nithe, tré laige roinn d'á dtreoraithe féin agus tré chlisteacht, luathacht agus déineacht a namhad.

Dá mb' i gcúis fhónta é do thuillfeadh gníomhartha feidhmiúla bríomhara an Rialtais Éireannaigh, agus an lucht cinnsil Phro-tastúnaigh, an moladh ba mhó dob fhéidir. Leis an mbagairt a bhítheas a dhéanamh ar bhuinphrionsabal na huaithsheilbhe ar chómhacht a bhí aca, agus toisc cabhair Rialtas na Breataine a bheith i n-easnamh ortha, do cuireadh mearbhall nóimite ortha leis an neart gan coinne a bhraitheadar i ndream a bhí chómh fada sin fé dhroichmheas aca. Ach ar theacht chuca féin go luath dóibh ó'n scannradh do bhraitheadar cuisle na dtreoraithe úd, a bhí lán d'iongnadh iad féin tré a fheabhas a éirigh leo. Is iongantach an scéal é agus baineann sé is dócha le prionsabal atá ingheinte i nádúir an duine, gurbh fhearr go mór an spioraid a bhí i dtreoraithe na gCatoiliceach le linn bheith ag pléidhe a gcúise ameasc eachtrannach, agus i láthair an Rí féin, ná le linn dóibh bheith ag socrú téarmaí na fuascalta, a bhí fachta cheana aca, leis na hAirí íochtránacha go rabhadar chómh fada san cromtha go humhall fé n-a dtarcaisne agus fé n-a ngéarsmacht. Do samhlóchaí ortha go dtugadar aithne an uair sin do'n mhursantacht mhío-ghnaoi ba chuimhin leo, agus, nuair a chonnaic lucht an Rialtais

Éireannaigh a mbuntáiste, labhradar níos déine láithreach. Do ghealladar athghairm a dhéanamh ar an gcuid de na reachtanna daorbhroide a bhí rófhuathmhar agus a bhí dulta ar neimh-fheidhm, thugadar gléas toghadóireacht guthaidheachta dhóibh ná tiubhradh aon chómhacht éifeachtúil do na Catoilicigh de dheascaibh an chóirithe a bhí ar na daoine agus ar sheilbh maoine i nÉiriun, ach do chongbhuigheadar ar uaithsheilbh aca féin gach cuid bunúsach de'n chómhacht san, agus, ag moilliú dhóibh go gasta achtú an bhille a míochóirigheadh mar sin, thugadar le tuigsint dóibh gur do réir mar bheidís go tláth deighiomchurach iseadh a cuirfaí i bhfeidhm i n-aon chor é. Annsan tar éis ciúnas a chur i n-áirithe dhóibh féin ó na Catoilicigh lándóchais, chromadar ar gach dícheall a dhéanamh i n-aghaidh lucht an aithleasaith agus na bpoblachtaithe san dTuaisceart a chabhruigh chómh láidir sin leo. Do bhaineadar feidhm as an scannradh bhí ar dhaoine (na nithe fuathmhara thárlaidh le linn Réabhlóid na Frainnce; mhúscluigheadar eagla i lucht maoine agus faitchíosa; fuaireadar, tré íobairt leasa a ndúthaighe féin, cómhoibriú an lucht tráchtála agus déantúis i Sasana, agus chuireadar uamhan agus imeagla ar Árdchómhairle na Breataine féin. Do bhaineadar feidhm as brat an tírghrádha féin chun fónamh dóibh, ghearánadar ós árd aon chur isteach a bheith d'á dhéanamh ag an Árdchómhairle sin ar neimhspleádhacht choróinn Impiriúil na hÉireann, agus fuaireadar congnamh go hathlamh ó'n dream go raibh uaithsheilbh aca ar an neimhspleádhacht sin. San tír seo ba leo gach cómhacht a bhain leis an Rialtas, an t-arm, an ciste, an bhreithiúnaidheacht an ghiúistíseacht, an chléir, seilbh talmhan agus na bhárdasaí. Thugadar múscailt ar gach dícheall a bhí 'na gcumas, agus dheineadar leithscéal de thrioblóid éigin suarach a thárlaidh san tuaisceart idir na Cosantóirí agus Buachaillí an Amhscarnaigh, chuireadar glaodh ar fhórsaí na tíre, mhéaduigheadar an t-arm chuireadar éirghe slógh de mhilitia agus de yeomen ar siubhal agus bhaineadar seilbh arm de na daoine. Do chabhruigh na huaisle, na giúistísí agus cléir na heaglaise stáit i ngach áit leo. Do bhíodar neamhscrupalach 'na slitibh oibre, bhíodar fuilteach, gan taise, gan trócaire le naimhde. San tráth céadna, agus ar scáth an leithscéil chéadna, le cead dreama na whigeanna agus na tóirithe, iseadh chuireadar ar bun an coiste rúnda úd gur shamhail a ghníomhartha go luath, le míothrócaire agus le fóirneart aindleaghthach, do ghníomhartha Sheomra na Réalt i Sasana, An Ceas-

túcháin san Spáin, cúirteanna fola Diúic Alva agus an *Comite de Salut Public* san bhFrainnc. Ar scáth, iomorra, bheith ag claoidhe spioraid réabhlóide i nÉirinn ghabhadar chuca féin fuadar réabhlóideach thar teorainn dlí. Nuair a bhraitheadar na meoin sin go slán aca d'achtuigheadar fé dheireadh an bille míochóirithe úd a bhí craiplithe fé oiread san bacaidheachta, agus do deonuigheadh le haimhleisce chómh soiléir sin, nár ghabhadar pobal an dreama Chatoiliceach leis ach leis an mbeagbhuidheachas a bhí tuillte aige.

Na gníomhartha san a dhein an Rialtas Éireannach, bíodh go rabhadar go héifeachtach, fuinniúil, agus go measfaí go saorfaidís ar an mbaoghal a bhí ag druidim leo iad, ní raibh de bhonn fútha, mh, ach tuigsint chaol, mhallaradhairceach. D'éirigh leo, ach ba shoiléir go dtiocfadh oiread san fuatha agus míothaithnimh ar deireadh do'n Rialtas d'á gcionn ná beadh sé ar a chumas seasamh. Do bhí radharc níos cianda ag Árdchómhairle na Breataine mar bhun le n-a bprionsabail féin le linn gnímh dóibh. Gaois thar aon amhras aca é. Ag beartú dhóibh cheana féin, is cosúil, ar an tír sin a ghabháil chuca ar ball, thuigeadar go mb'fhearrde iad féin é ar deireadh gach míothaithneamh d'á mhéid a bheith do'n rialtas a bhí innti. Go deimhin san gcáineadh is géire d'á ndearnaidh na hÉireannaigh Aontaithe, agus a chuir iad 'na míltibh i gcarcara, i longa díbearthach, fé phicket, agus san gcroich, níor léirigheadar riamh na coir a dhein sé chómh solusta agus a deineadh 'na dhiaidh sin le Tighearna an Chaisleáin Riabhaigh, a bhí i bhfad é féin 'na sciúirse míothrócaireach ar mhaithe leis, agus 'na dhiaidh sin 'na úirlis úiríseal 'ghá chur ar ceal, 'na chuid óráidí i dtaobh cóimhcheangail an dá thír. Do chonnaic Árdchómhairle na Breataine roimh ré go gcaithfeadh an dá dhream neimhspleádhacht a dtíre a scaoileadh uatha mar cheannach ar shíothcháin, agus ar dhídean, nuair a bheidís lagaithe ó'n strí doisheachanta a bhí ag teacht, agus ó'n bhfuath agus an easaontas a bhí eatartha. Má b'amhlaidh a bhí do fíoradh an fhaistine sin aca d'á mhíothrócairighe agus d'á shainntiúla é.

Ba mhór an mearbhall agus an t-iomrall a dhein na bearta diana san ar feadh tamaill do chómhairlí an dreama go raibh dúil aca san aithleasú agus san gcómhaontú agus san tsaoirse. Do bhí fearg ar na Dí-aontaigh agus iad ag gearán go rabhadar tréigthe go fealltach ag an dream d'á dtugadar cabhair. Do bhí pobal mór na gCatoiliceach chómh míoshásta leo i dtaobh toradh chómh

suarach a bheith tagaithe ar an dóchas árd a bhí aca, agus i dtaobh an uireasbhaidh misnigh a bhí i lucht a dtreoraithe. Caithfar a rádh, ámh, go raibh i dtúis na ngnóthaí seo difridheacht bhunúsach idir an dá dhream. Do réir na dtréithe bhain le n-a gcreideamh ó thosach, poblachtaithe ó phrionsabal ab eadh urmhór na nDí-aontach. Is é an daorbhroid agus an ghéirleanúint a dhein de phobal na gCatoiliceach é. Dá mbeadh gan an tíorántacht a bheith 'ghá ngriogadh i ngach tráth agus i ngach gníomh d'á saoghal, agus dá dtugtaí dhóibh cuid chirt gan chosc fé'n mbuinreacht, do dhéanfaí díobh, tré spioraid an chreidimh a bhí aca, na géillsinigh ba shíothchánta, dob umhaille, ba dheaghórdaithe agus ba gheanúla fé'n impreacht. Ba mhó an claonadh le prionsabail feodachais agus na ridireachta, agus beagán de'n tóiridheacht tríd a bhí ag na seanuaisle díomsacha agus ag an gcléir a bhí aca, n mar bhí aca le prionsabail diomacratachta. Ach do chóimh cheangail an méid fhulaingeadar araon an dá dhream d'á chéile, le fuath do'n Rialtas agus le fonn a churtha d'á chois.

Ag an gcéad shuidhe eile de'n Árdchoiste, do comóradh roinnt laethe tar éis an achta bheagfhuascalta san, bhítheas go buartha ann. Tugadh ar thaobh cúis na saoirse agus an chomhaontaithe cuid de na hóráidí ba sholusda d'á gcualathas riamh i nÉirinn. Na hionnsaithe a thug an chuid tírghrádhach aca fé'n Rialtas agus fé n-a dtreoraithe féin, b'fhoirtil agus ba neartmhar iad. Do chosain na treoraithe iad féin go hinchreidteach, ámh. Do cuireadh eadarghnó sáirdheacair ortha agus bhaineadar amach, adubhradar, fuascailt deimhnitheach mór, bíodh nár éirigh leo é go léir d'fhagháil.

Ach bhí tráth fuascalta a dtíre imithe. Do bhí an chaoi chomhthromúil imithe le faillighe gan súil le n-a theacht go bráth arís, b'fhéidir. Do bhraith an Rialtas a neart féin agus thosnuigheadar ó'n nóimeat san ar a scéim ifreanda chun na daoine a ghriogadh chun gníomhartha fóirnirt agus chun ceannairce, d'fhonn dath an chirt a chur ar a mbearta ainspianta féin. Do scaip an cóimhthionól fé dheireadh tar éis rún buidheachais le n-a gcáirde, pé aca dáiríribh nó a mhalairt iad, a chur i bhfeidhm, ach gan cinneadh ar aon ní diongbhálta i dtaobh cuspóir mhór an chruinnithe. An t-athrú gné seo tháinig ar rudaí chuir sé mímhisneach mór ar na daoine bhí go dúthrachtach ionnraic tar éis iad féin a thabhairt ar son cúis na gCatoiliceach, mar ar an gcéad adhbhar bhí an ceart ar a thaobh, agus ar an dara adhbhar b'é an ghuthadóireacht an chéad chéim riachtanach i dtreo saoirse na hÉireann, i dtreo aithleasú a dhéan-

amh ar a rialú, agus i dtreo córas saor comhthrom taidhleoireachta a chur ar bun do'n náisiún.

An díombáidh géar a líon croidhe m'athar nuair a theip mar sin de'n chéad uair ar an dóchas san aige d'óbair a chóimhlíonadh, agus na tuairimí eile a thosnuigh an uair sin ar dhul tré n-a aigne, is mó atáid le fagháil ós árd 'na dhialainn i gcómhair Mí Eanáir agus Feabhra, 1793, mar ar scaoil sé leis féin gan bacadh, ná insa chuid roimhe sin, cuid a scríobhadh go cúramach, de dheallramh, le haghaidh foillsithe. Táid le fagháil, leis, ins na nótaí a scríobh sé ar dhiospóireachtaí an Árdchoiste i Mí Aibreáin ; ach go mórmór, b'fhéidir, atáid san ngiota fáin seo a leanas d'á smaointe, fé'n dáta Márta 27, 1793, a fuaireas ameasc a chuid páipéar.

"Athrú obann ar an toscaireacht, ar fhilleadh dhúinn ó Shasana. An cómhrádh deiridh roimh ghluaiseacht ó Lonndain—mo chuaird féin agus cuaird Bhellew chun an Chaisleáin—é ar fad curtha ar leathtaoibh ag céad chuaird na toscaireachta go hiomlán—eadarghnóthaí, éirghe as an dá Thigh Pairliméide—daoine an uair úd d'aon aigne agus misneach ionnta ach droichmhisneach ortha go luath mar gheall ar iomchur dothuigthe a seantreoraithe—buntáiste mór ag an gCaisleán orainn i n-eadarghnóthaí—cur agam féin i n-aghaidh lagú éilimh—é d'fhiachaibh orm éirghe as ar deireadh. Toradh an cheiliúrtha san éag ar spioraid phoiblidhe go huile—drochstaid an Rialtais ag tosach an tseisiúin mar ba shoiléir ó iad a ghabháil le prionsabal an aithleasaithe—iad a theacht chuca féin tré neimhdhiongbháltacht na gCatoiliceach—d'á dheascaibh sin iad do ghabháil le hachta an phúdair agus na mileatachta, le méadú an armála agus le forógraithe, ⁊rl. An bhrí atá ag treoraithe na gCatoiliceach leis, ní calaois é—roinn eadarghnó ar siubhal i Lonndain ag duine aca gan 'fhios do'n chuid eile—an chuid eile aca b'fhéidir eagla ortha a gcuid eastát a chur i mbaoghal."

"Díobhunú na n-óglach i mBéal Feirste—aigne an Tuaiscirt d'á bhrí sin—an toradh thiocfadh de bharr aon mhíothapadh bhaint do Shasana san gcogadh. *Ba leor deich míle Franncach chun an deighilt a dhéanamh.*"

"Coiste rúnda—a chuspóir tosaigh droichmheas a tharrang ar choiste na gCatoiliceach—dá dteipeadh air sin, a chur i leith na ndaoine annso go raibh fonn ortha deighilt na dtíortha a thabhairt i gcrích, agus mar sin a thabhairt ar Aire Shasana cabhrú le *cóimhcheangal* a chur ar bun—is féidir maille le slite *cearta* an

cóimhcheangal a dhéanamh agus is féidir teipeadh, leis agus annsan na tíortha deighilte gan teip.

"Míoshásamh leis an gcogadh annso—tráchtáil go han-olc—creidiúint beagán níos fearr ná mar atá i Sasana."

"An Rialtas go láidir do réir deallraimh agus na daoine umhall —cruth bréige an dá rud—aon bhreis ar na daoine beidh sé mairtheanach agus ar an rialtas, neimhsheasamhach—ní cosc ar na daoine Acht an Phúdair má bhíd dáiríribh ag lorg arm—ní dhéanfaidh an Militia ansmacht ar na daoine; is olc an chiall iad a chiapadh agus annsan militia a dhéanamh díobh, sé sin, airm agus smachtoiliúint a thabhairt dóibh."

Is aithis síorraidhe do mhilitia na hÉireann go raibh dearmhad ar m'athair san scéal san. Níor áirimh sé go hiomlán toradh an *esprit de corps* ar rannta cóirithe armála.

"An coiste rúnda ag breithniú, fiú im thaobh féin; an leitir a scríobhas go dtí an Ruiséallach aca; cómhartha ar a laige iad a dhul chómh hísceal san."

Dob iad súd na smaointe a bhí ag siadadh 'na aigne. Ach níorbh fhada gur gríosuigheadh spioraid na ndaoine, do múscluigheadh a bhfearg agus roinneadh 'na ndreama iad leis an méadú bhí ag teacht ar drochmhúineadh agus ar mhíothrócaire an lucht riaracháin. De dheascaibh na slí bhíodar ag gabháil de chosaibh san dlí agus san deaghnós bhí fiuchadh feirge ag teacht i gcroidhe an phobail leis na gníomhartha daorbhroide dheineadar, agus do leathnuigheadh Cumann na nÉireannach nAontaithe níos luaithéascaidhe d'á thoisc sin ná mar fhéadfadh dícheall na dtreoraithe polaitidheachta é dhéanamh choidhche. Ní raibh fuascailt na gCatoiliceach agus aithleasú na Pairliméide feasta mar theorainn le n-a dtuairim, mhianadar deighilt agus saoirse, agus fiú díoghaltas. Tháinig tréith fíochmhaireachta 'na gcumainn agus is annsan a céadcheapadh na mionna agus na cualachtaí rúin le n-a naiscidís iad féin d'á chéile; agus le n-a linn sin thug an Rialtas comaoin a gceada do lóistí Oráinseacha a chur ar bun ar fuaid na tíre, dreama a bhí i slite chómh neimhdhleaghthach ar a luighead leis na hÉireannaigh Aontaithe, agus go raibh a gcuspóirí chómh diablaidhe agus bhí cuid an dreama eile ionnraic fialmhaiseach. Gach dream agus lucht gach creidimh do cheangal d'aon bhuidhin ar son saoirse na hÉireann, b'é sin an chuspóir a bhí ós árd ag lucht na céad bhuidhne aca, agus b'é adhbhar cuspóra an dara dreama na pribhléidí uaithsheilbhe a bhí ag lucht na hEaglaise Aingliocánaighe a

chosaint dóibh, agus an chuid eile de'n náisiún a choimheád fé ama na sclábhaidheachta go deo. Agus ar chur síos dom i n-aghaidh prionsabal an dá chumann san níor thoghas ach an chuid aca d'admhuigheadar araon ós árd.

Do bhí an dá dhream mar sin i rannta cóirithe i n-aghaidh a chéile agus níorbh fhada gur léir ná beadh réidhteach ar an deabhaidh ach tré dhálaibh nirt; agus dá leanadh Sasana d'á cómhacht agus d'á neart uile a thabhairt mar thaca do'n dream a bhí ag rialú, ní bheadh ag an dream eile ach an ceangal idir an dá thír a bhriseadh agus rialtas neimhspleádhach náisiúnta a chur ar bun. Is minic a tháinig an smaoineadh san chun m'athar ameasc taidhrithe a óige ach dob é sin an chéad uair aige d'á bhreithniú dáiríribh. Ó thárlaidh gur ghábhadh cabhair coigcríochach chuige, toisc go raibh seilbh gach cómhachta riaracháin ag a naimhde agus cómhacht uile Shasana laistiar díobh, chrom na treoraithe Éireannacha, agus eisean 'na measc, ar a súil agus a ndóchas a bheith aca ní nach iongnadh ar Phoblacht chaithréimeach na Frainnce, bíodh ná dearnadh tairgsint ar bith go ceann tamaill 'na dhiaidh sin. Do bhí sise ag strí an uair chéadna, fé mhisneach agus fé bhuaidh gan chuimse, i n-aghaidh armála na hEorpa uile, agus í lomalán de stainncín nimhneach chun Sasana. I dtosach na Réabhlóide dhóibh do chuir na Franncaigh a ndóchas agus a muinghin go mór as an tír sin, bhí súil aca le moladh agus le báidh ó'n gcine ba mhó saoirse agus fialaigeantacht san Eoraip i dtaobh na slabhraí a bhí ortha féin a bhriseadh, agus le linn an chéad tabhairt amach ag maoidheamh a saoirse féin (Iúl a 14) do naisceadar i n-aon bhláithfhleasc amháin brata Shasana agus America i dteannta a mbrait trédhathach féin. Ach do thosnuigh Sasana an uair sin, maille le congnamh a thabhairt do chualacht na ríthe Eorpacha, agus lean sí riamh ó shin de bheith ag cur bacadh le saoirse na coda eile de'n chine daonna fé mar gur mhian léi tairbhí na saoirse a chongbháil, i dteannta tairbhí na tráchtála agus an déantúis, 'na huaithsheilbh féin.

Do bhí an scéal le linn na tréimhse sin go míchéadfadhach láindeacrach ag m'athair. Do bhí déistin thar fóir air le dream na Whigeanna. Dar leis pé ní adubhradar a bhí beartaithe roimhe sin aca dheineadar claochlódh air nuair a ghabhadar páirt leis an Rialtas ins na gníomhartha míochuibheasacha aindlí sin. Do thaispeánadar go raibh oiread eagla ortha roimh aithleasú bunúsach dáiríribh ar chóras chómhdhaonnachtúil agus rialaithe na tíre agus

bhí ar na Tóirithe féin, ach bhí an scéal chómh neamhnádúrtha i nÉirinn go raibh fírriachtanas leis an athrú san sularbh fhéidir í shocrú síos le haon deallramh daingeachta. Dála an spioraid réabhlóide sin gur leigeadar ortha bheith chómh mór i n-eagla roimhe do gheobhthaí é chur fé chois ar fad dá ndeintaí ceannsú go luath ar na Catoilicigh agus géilleadh do réir cirt a thabhairt d'á n-éilmhithe. Maidir leis na Catoilicigh agus na hÉireannaigh Aontaithe, bhí air bheith ag cur i n-aghaidh gach 'ra taom éadóchais agus racht díoghraise agus d'iarraidh achrainntí síorraidhe do réidhteach. Uair amháin, nuair a thug sé iarracht ar chath óglach a chur ar bun, ghaibh sceon agus droichiontaoibh iad toisc a luighead Protastúnach a tháinig chun cinn. "Agus nach sibh-se an náisiún ?" ar sé 'ghá bhfreagairt, " deinidh d'á n-iongnais ; an amhlaidh a lobhfaidh sibh muna sailltear le Protastúnaigh sibh ? "

Ar uairibh eile, ar atharrach slí, leis an racht díoghraise thagadh ionnta le hiarrachtaí tréana agus le gníomhartha éachtacha n bpoblachtaithe san bhFrainnc, agus leis an bhfiuchadh feirge thagadh ionnta le broid an Rialtais ós a gcionn, thugaidís baothiarrachtaí ainspianta míchéillidhe. Thugadh m'athair iarracht ar iad a chosc, ach ní raibh de thoradh ar a shaothar ach é do chailliúint an chómhachta a bhí aige i gcumainn na nÉireannach nAontaithe a chur sé féin ar bun, agus a bhí tar éis spioraid agus córú nua a ghlacadh chuca féin. Fé mar is gnáth de shíor le linn an pobal a bheith corraithe is iad na daoine is aoirde agus is dána a labhradh a bhí ar ceann riain, agus ba lán na páipéir gach lá de'n stocaireacht ba neimhchríonna agus ba lasánta. Do cháineadh sé go seasamhach na rachtaí feirge sin gan feidhm ná dearnaidh fónamh ar bith ach ar mhaithe leis an rud a bhí ar aigne an lucht riaracháin. Do shocruigh dream aca eatartha féin go dtiubhraidís an tideal 'citizen' d'á chéile ; agus is minic a thagadh leitreacha chuige san bpost a scríobhtaí, ar aithris an nóis a bhí fé ghradam ag na hIacoibínigh san bhFrainnc, agus go mbíodh " Citizen Theobald Wolfe Tone," mar sheoladh ortha. Ba léir do, d'á dheighchéill féin, an baoghal agus an óinsiúlthacht a leanann deismireacht díomhaoin mar sin. " Bainidh amach an tsaoirse," adeireadh sé, " agus tugaidh bhur rogha ruda oraibh féin annsan. Ní mó is cathardhaigh sibh dul i seomra fé ghlas libh féin agus an ainm sin a ghairm d'á chéile, ná mar ba Phiaraí agus Tighearnaí sibh ó bheith ag rádh 'a Thighearna Uasail, le n-a chéile." Do bhí an oiread sin de mhíoshásamh air leis an gcruth a bhí ar nithe gur thréig sé ar fad, beagnach, láthair na polaitidh-

eachta, agus thugadh sé an chuid ba mhó d'á shaoghal ag áit fé'n dtuaith a fuair sé mar oidhreacht tar éis bháis a úncail, an Captaen Jonathan Tone. Ar gach ócáid baoghail agus deacaireachta, ámh, do bhí sé do láthair agus ullamh chun seasamh i n-ionad an dainnséir agus na honóra.

Ach ní hé atá rómham stair na hÉireann a scríobhadh. I rith na bliana tar éis gabháil le hAcht na bhliana 1793, níor phléasc an anaithe ach bhí sí ag tórmach agus ag dul i dtiughacht i n-aghaidh na huaire agus gruaim gháibhtheach d'á thuar aici. Do bhítheas fós gan fuil a dhortadh agus bhítheas fós gan tosnú ar réim na sciúirse; ach bhí gramaisc de dhaorshluagh brathadóirí de dhríodar an chine daonna ag fás, mar bheadh an ghrathain mhíolach as clabar na hÉigipte, fé altrom códhnachta an chaisleáin ; chuaidh méadú thar áireamh ar chúisiú stáit, deineadh dingeadh leithleach ar choistí dlí, agus tugadh claoinbhreatha ; do cuireadh na saighdiúirí ar ceathrúin bhuannachta i gceanntaraibh mídhílise agus thugadar srian do gach míbhéas. Do cuireadh críoch go deo le dílse na ndaoine agus mhéaduigh a bhfearg go rabhadar ar buile. Nílim ar intinn áireamh mion a dhéanamh ar na himeachta fuathmhara san. Ameasc na bpríomhchómharthaí a thaispeáin an méadú fóirnirt a bhí ag teacht do gach dream aca, agus ar theacht uair bhriste na stoirme, ní beag a luadhadh an ghabháil, an triail agus an daoradh chun príosúin a tugadh ar cháirde m'athar, Archibald Hamilton Ó Ruadháin, Síomon Buithléarach agus Oliféar Bond. Tá na ráidhteasaí agus na hóráidí a thugadar, agus gur gabhadh 'na leith iad, agus an chuid a tugadh le linn a dtrialta, i ngach stair de'n chómhaimsir, agus i gcuimhne cháich. Ní gábhadh annso tagairt ná atháireamh a dhéanamh ortha.

Fé dheireadh, i mí Aibreáin, 1794, do gabhadh Liam Mac Siachais* ar cúiseamh tréasa. Do cuireadh an duine sin ó Rialtas na Frainnce chun fios aigne mhuinntir na hÉireann do bhraith fé thuairim an rabhadar toilteanach bheith páirteach leis an bhFrainnc. Fuair sé a theagasc ó dhuine dárbh ainm Madgett, seanÉireannach a bhí abhfad chun cómhnaithe san bhFrainnc i nOifig Earnála na nGnóthaí gCoigcríoch, agus go bhfuil tagairt d'á ainm go minic i ndialainn m'athar. Is leor de phromhadh ar dhílse an tSiachsaigh an bás gaisciúil d'fhulaing sé ; ach d'fhág a neimhchríonnacht agus a neimhdhiscréid é gan bheith ar aon chor oiriúnach do'n chinéal san tosca. Ar a shlí tré Shasana do nocht sé a aigne d'atúrnae

* William Jackson, Eaglaiseach.

Sasanach, dárbh ainm Cocayne, duine d'á sheanaitheantas, a dhíol a chuid eolais láithreach le Rialtas Shasana agus a fuair órdú ó na póilíní dul 'na dhiaidh 'na bhrathadóir oifigiúil. Ní raibh treoraithe dreama an tírghrádha agus na gCatoiliceach i nÉirinn sásta a rún a scaoileadh le haon stróinséir maidir le freagradh cruinn a thabhairt ar n-a nithe chuir sé fé n-a mbrághaid, d'á mhéid é an fonn a bhí ortha tosnú ar chóimhfhreagairt leis an bhFrainnc. Do ghaibh m'athair air féin dul i mbearna an bhaoghail agus do gheall sé, fiú, a bhfreagradh a bhreith go dtí an tír sin agus tuarasgabháil a chur ar lámhaibh an Rialtais ann i dtaobh riachtanaisí agus aiste na hÉireann. Ach tar éis bheith i gcómhrádh uair nó dhó le Mac Siachais tháinig díombáidh mhór air de dheascaibh na baoth-mhuinghine gan teorainn do bhí ag an duine mí-áidh sin as ar gCocayneach. Do bheartuigh sé 'na aigne gan scéitheadh air féir 'na láthair siúd agus thug sé ar Mhac Siachais bheith sásta leis sin. " Rud ar leith dúinn-ne, Éireannaigh, iseadh an gnó so," ar seisean, " ach Sasanach ar bith a bheadh páirteach ann ní foláir do bheith 'na fhealltóir mar seo nó mar siúd." Fé dheireadh tar éis do Mhac Siachais botún gléineach eile neimhdhiscréide a dhéanamh d'athghairm sé a gheallúintí agus thug togha an aire é sin a dhéanamh i láthair Chocayne, chun ná féadadh súd fianaise níos mó a thabhairt 'na choinnibh, agus dhiúltuigh sé bheith páirteach a thuille san ngnó. Do gabhadh Mac Siachais go luath 'na dhiaidh sin.

Tráth uathbhásach dob eadh, an uair sin, é. Bíodh ná féadfadh Cocayne ach fianaise gan cruthúnas a thabhairt i n-aghaidh Mhic Siachais d'fhéadfadh Mac Siachais, gan aon amhras, é féin a shaoradh ó'n mbás ach faisnéis a thabhairt uaidh. Do caitheadh amhras fíochmhar ar mh'athair go raibh, ar a luighead, fios na gceilg-chómhairlí aige, muna raibh sé páirteach ionnta. Do bhíodh coinne aige gach oidhche le n-a ghabháil agus a bhreith chun a cheistithe i láthair an choiste rúnda. Do bhí roinn mhaith de threoraithe an tírghrádha agus na gCatoiliceach ag tathant air teicheadh. Le gradam do féin iseadh bhí an chuid mhór aca. Eagla bhí ar chuid eile aca dá ngabhtaí é go scéithfaí ortha féin ; agus, d'aindeoin malairt tuairimí 'na gcuid polaitidheachta, bhí cuid mhaith de na cáirde creidiúnacha dilghrádhacha a bhuaidh an meon lághach agus na tréithe deaghchuideachtan a bhí ann do, ameasc uaisle agus lucht áirdchéime na tíre—bhíodar go dian ag tairgsint do an chóir ba riachtanach chun an teicheadh sin a dhéanamh. Do dhiúltuigh-

eadh sé de shíor iad. D'iomchuir pobal mór na gCatoiliceach ar an ócáid sin iad féin go seasamhach agus go maordha agus thaispeánadar go rabhadar go buidheach de ar son an méid a bhí déanta aige dhóibh. Do mhol cuid mhaith de thaoisigh na Whigeanna (agus is truagh liom a rádh go raibh ainm chlúmhail an Ghrattanaigh 'na measc), an dream go dtug sé masla marbhthach dóibh nuair a dhiúltuigh sé dhóibh é féin d'fhostadh mar phaimpléideoir aca—mholadar é scaoileadh leis an mí-ádh a bhí ar a thí agus dubhradar leo, " Conus d'fhéadfadh a gcáirde san bPairliméid seasamh dóibh an fhaid a bhí ar fostadh seirbhíse aca fear a bhí chómh mór fé éadtaithneamh agus chómh doimhin i dtranglam leis ! " Do dhiúltuigheadar do gach cómhairle aca. Caithfead a rádh, ámh, bíodh gur chuir m'athair é féin san mbearnain ar a son ar an ócáid sin, go raibh urmhór a dtreoraithe siúd greamaithe chómh doimhin san ngnó leis féin agus ní fhéadfaidís, le honóir, le ceart, ná le deighchéill, a mhalairt a dhéanamh—scéal b'fhéidir ná raibh ar eolas ag an nGrattanach.

Ar feadh na tréimhse sin uile, d'aindeoin cómhairle a charad, d'eitigh sé dul i bhfolach ach d'fhan de ghnáth ag a áit chómhnaithe fé'n dtuaith, ag cur a stair ar Éirinn le 'chéile agus thugadh cuaird ar Bhaile Átha Cliath uair um a seach mar ar lean sé de bheith 'na rúnaidhe ar Fhochoiste na gCatoiliceach. Fé dheireadh, de bharr géarthathant rómhór ar an Rialtas d'éirigh le n-a cháirde ameasc na n-uaisle réidhteach a dhéanamh,gan é ach a ghabháil air féin dul as Éirinn chómh luath agus d'fhéadfadh sé a chúraimí príobháideacha a chur i dtreo, agus ná déanfaí tóraidheacht ar bith aca san air. Ní féidir liom a cheapadh go bhféadfadh na daoine ba nimhnighe bhí ar thaobh an Rialtais sin bheith milleánach ar na hiarrachtaí fialmhara glainintinneacha san (mar bhí na cáirde sin agus é féin ar mhalairt polaitidheachta) ná gur aon aithis d'á gcáil an fios so d'fhoillsiú anois. Tá duine aca, an tOnórach Marcus Beresford, duine lághach ilealadhanta, ar shluagh na marbh ; an duine eile Seoirse onórach árdaigeantach Knox, is dóigh liom go dtaithneochaidh leis an toirbhirt urrama so d'á shobháilcí ó n-a mhac baistighe, an t-aon duine d'á maireann de chlainn a charad atá imithe.

Ó nár chuir an réidhteach san (mar ná luadhfadh na fíorcháirde sin a mhalairt) ceangal ar bith air ná réidhteochadh le n-a chuid prionsabal, agus de bhrí go dtug sé cead riain do 'na dhiaidh sin, ghlac sé leis agus chuir sé isteach chuca ráidhteas macánta cruinn i dtaobh a fhaid agus a dhoimhne a bhí sé féin páirteach san ngnó

úd, agus do chuir leis sin go raibh sé sásta fulang ar son pé ruda bhí déanta aige féin, ach ná déanfadh, ar aon choinghill, cúiseamh, scéitheadh, ná fianaise thabhairt i n-aghaidh aon duine eile.

Sular imigh sé as Éirinn do scríobh sé an eachtra fada fearúil seo leanas i dtaobh an ghnótha san agus táimid 'ghá chur go léir annso isteach mar aon leis an ráidhteas atá luaidhte thuas. Is é an t-aon ní amháin d'fhág sé ar lár gan luadh san dá pháipéar san agus is soiléir, fial, é an fáth, sé sin nár thagair sé do na daoine eile go raibh eolas aca ar an gcóimhfhreagairt a bhí ar siubhal le Mac Siachais. Gabhann sé leo 'na ngníomhartha aontola aige féin iad. An léiriú do scríobh sé ar aiste na hÉireann, agus a thug sé do Mhac Siachais, tháinig cóib de ar lámhaibh ag an Rialtas.

Ráidhteas ar an réidhteach idir Mr. Tone agus an Rialtas i nÉirinn

"Ó chonnac i bpáipéar, i dtuarasgabháil i dtaobh trialta an Oirmhidnigh Liam Mac Siachais, an fhianaise a thug Mr. Ó Catháin mar a n-abruigheann sé go dtuigtar do go bhfuil réidhteach déanta agam-sa leis an Rialtas, is dóigh liom go bhfuil sé de dhualgas orm, ó bhaineann brí claoinbhirte go mór leis an gcainnt, a chur síos cad é atá san réidhteach san. An uair do gabhadh Mr. Mac Siachais agus d'éaluigh Mr. Ó Ruadháin agus d'imigh an Dr. Mac Rághnaill thar lear, bhíos féin i gcúnsaí ceapaithe. Do thuigeas a riachtanaighe bhí sé iarracht a thabhairt go luath agus go feidhmiúil chun mé féin a tharrang as. D'á bhrí sin chuas chuig duine do bhí fé árdmhuinghin ag an Rialtas a bhí ann an uair sin agus d'innseas do láithreach go macánta, gach ní d'á raibh déanta agam. D'innseas do, leis, gurbh eol dom cad é an méid go rabhas i mbaoghal, ná rabhas i mbaoghal mo churtha chun báis muna dtéighthaí le feall ar mo thí, rud ná raibh coinne agam a dhéanfaí; ach go raibh sé go dearbhtha i gcumas an Rialtais, má b'áil leo, mé do chreachach chómh héifeachtúil agus dhéanfaidís le bás d'imirt orm; go raibh dhá phoinnte ar a raibh m' aigne socair agam—an chéad ní aca ná teichfinn, agus an ní eile ná hosclóchainn mo bhéal mar fhínéidh i n-aghaidh Mhr. Ó Ruadháin, duine go raibh an ceangal ba dhlúithe agam leis tré mheas agus combáidh; ná i n-aghaidh Mhr. Mac Siachais a cheap, ní foláir, le linn aon chómhráidhtí a dhein sé im láthair-se go raibh sé ag cainnt le duine ná scéithfeadh air; ná raibh aon bhuannacht agam ar an Rialtas agus nár dháil gearáin agam aon chúrsa gur rogha leo cinneadh air. An ní bhí déanta agam bhí sé déanta, agus

má ba ghábhadh d'fhulaingeochainn leis an bpionós ; ach ó nárbh é, b'fhéidir, mo chreachadh bhí beartaithe aca, go rabhas ullamh, dá leigtaí dhom agus dá bhféadainn i n-aon chor é, dul go hAmerica Go dtí sin, ámh, b'iúd annso mé ullamh chun fulang leis an ní bhí i ndán dom, pé ní é, ach mé láinbheartaithe ar an dá phoinnte do luadhas thuas agus go scarfainn lem anam míle uair níos túisce ná mar chúlfainn uatha. An duine gur labhras leis tháinig sé tar éis tamaill agus do chuir i n-úil dom ná hionnsóchaí mé maidir le bheith im' phríomhdhuine agus ná glaodhfaí orm chun bheith im fhínéidh agus dheimhnigh an ní céadna dhom ar ócáid eile 'na dhiaidh sin, agus do cómhailleadh an méid sin go friochnamhach. Tugadh an eimhniú san dom gan chómha, gan choingheall ar bith, agus riamh shin do leanas de bheith lomneodrúil fé mar dob fhearr d'fhéadas. in a bhfuil de réidhteach eadram-sa agus an Rialtas agus pé aca an col rúnchuspa é ná nach eadh níl aon díth onóra ann. Ní dhearna brath ar aon charaid ; níor scéitheas aon rún ; ní dhearna neimh-dhiscréid d'aon chómhrádh cogair. Táim ullamh chun fulang thar cionn an ruda atá déanta agam, d'fhulaingeochainn an bás dá mba ghábhadh, measaim, ach ní fhulaingeochainn le míochlú. Ag tagairt de'n chuid sin dem iomchur ba chionntsiocair leis an ngnó mí-ádhmharach so, fágaim é sin, gan imnidhe aigne, le díomholadh ag gach n-aon go bhfuil fonn a cháinte ortha."

Ráidhteas ar chóimhfhreagairt Mhr. Tone agus Mhic Siachais.

"Roinnt laethe roimh seisiúin Droichead Átha do chuir A.—— i n-úil dom go raibh duine ar an mbaile a tháinig le deireannaighe ó'n bhFrainnc agus a bhí, dar leis, fé mhuinghin ag an *Comité de Salut Public*. Do bhí fonn an-mhór orm bualadh leis chun fios scéil, go bhféadfaí iontaoibh leis, d'fhagháil i dtaobh aiste na Frainnce. Do scríobh A.—— nóta d'á réir sin a thug sé dhómh-sa le tabhairt do d'á rádh ná beadh sé de'n ádh air go bhféadfadh sé an duine cóir d'fheicsint lá ar n-a mháireach, ar an Domhnach, ach go mbeadh áthas air dá dtagadh sé d'á fhiosrú aon lá eile, agus do chuir leis sin, creidim, gur chara mór leis fear iomchurtha na leitre. *Níor fhia-fruigheas an uair sin ná ó shin de A.—— conus a chuir sé aithne ar an duine, ná ní fheadar fós cia chuir i n-aithne dho é.* D'imigheas leis an nóta san agus chonnac an duine uasal agus duine eile* san tigh ósta mar a rabhadar chun cómhnaithe. D'fhanas tuairim leath-

* Cocayne, dar le L. T. Wolfe Tone.

uair a chluig ann agus ní raibh mar adhbhar cómhráidh ar siubhal ach amháin an pholaitidheacht choitchionn nó an uireasbhaidh córach a bhí i gcómhair lucht taistil i nÉirinn, feabhas Shasana ins na gnóthaí sin, ⁊rl. Nuair d'éirigheas chun gluaiste d'iarr an duine uasal orm teacht ar dinnéar leis Dia Céadaoin a bhí chugainn agus shocruigheas d'á bhrí sin go dtiocfainn. An Luan 'na dhiaidh sin, fé mar is cuimhin liom, thugas cuaird ar A.—— mar ba bhéas liom a dhéanamh i n-aghaidh an lae ar feadh tamaill roimhe sin, agus le linn dom bheith ann tháinig an duine uasal atá luaidhte thuas agus a chara isteach i dteannta 'chéile agus ar feadh tamaill bhí sé féin agus A.—— i ndlúthchómhrádh agus chuas féin agus an cara linn féin i n-áit ar leathtaoibh san tseomra mar ar labhramar i dtaobh na módhtha chun taistil a bhí i nÉirinn agus chaitheamar tuairim leathuair a chluig ag breithniú léarscáil an Táiltiúraigh mar chaitheamh aimsire. *Ní chualaidh ceachtar againn an cómhrádh idir A.—— agus an duine uasal.* Fé dheireadh do sméid A.—— orm chun dul anonn agus chuas. Dubhairt sé annsan go rabhadar ag trácht ar aiste na tíre, go raibh eolas agam-sa ar cad é an aiste é sin chómh maith agus bhí ag aoinne; agus gurbh é tuairim an duine uasail sin dá gcuirtaí i n-úil go ceart do mhuinntir na Frainnce é go dtiubhraidís, go deimhnitheach, gach congnamh chun a chur i gcumas d'Éireannaigh a saoirse do bhaint amach. Dubhart-sa gur géar agus gur danardha an leigheas d'ár gceasnaí é, ach nár léir dom a mhalairt óir bhí an tsaoirse fé ghéibhinn ar oiread san slite i nÉirinn ná raibh caoi ar bith eile ag na daoine chun a dtuairimí a chur i n-úil ach le héirghe amach ós árd. Go mbeadh a lán daoine ar malairt tuairime idir ghabháil leis sin mar rogha agus géilleadh gan choingheall; ach go rabhas-sa ar an dream a cheap fós, d'aindeoin a bhfeacamar de bhaoghal agus d' uathbhás san gcoimheascar, gur cuspóir é saoirse na tíre gurbh fhiú gach ní a chur i ngeall le n-a sholáthar; mar go rabhas deimhnitheach de ná sroichfeadh Éire choidhche chun a haiste nádúrtha le cómhacht, le saidhbhreas, ná le hoirdhearcas, go bhfaghadh sí an tsaoirse sin. D'aontuigh A.—— leis na tuairimí sin, agus do réir mar is cuimhin liom dubhairt an duine uasal arís *"dá mbeadh fios an scéil sin san bhFrainnc bheadh cabhair le fagháil ní foláir!"* Níor leanadh de'n chómhrádh san níos sia an uair sin. Do bhí iarracht de lagamhras agam go mb'fhéidir gur theachtaire ó'n Aire Sasanach é agus d'aon ghnó chun míchéadfadh a chur air do labhras le searbhas i dtaobh náisiún na Sasanach agus an chómhacht aincheart a bhí aca ar ghnó rialaithe na hÉireann.

Do bhí a chara 'na shuidhe tamall ó bhaile le linn an chómhráidh sin agus is deimhin liom ná féadfadh sé aon chuid de a chlos. Agus *ní lugha chuireas ceist, ná fuaireas fios,* cad é an cómhrádh a bhí ar siubhal ag A.—— sular bhagair sé orm-sa chun dul anonn chuca. Ḋob é an chúis nár chuireas an cheist ná toisc gan 'fhios a bheith agam cad é an chríoch a bhéarfadh an gnó, agus go mórmór toisc gan 'fhios a bheith agam ná gur spiaire Sasanach an duine seo agus bheartuigheas ná beadh ach an t-eolas is lugha d'fhéadfainn ar rúin dhaoine eile agam, maidir lem chion féin a dhéanamh san ngnó.

"Do chonnac A.—— arís lá ar n-a mháireach, measaim. Do thaispeáin sé páipéar dom, a bhí tarraingthe ar fheabhas im thuairim, a bhí fachta aige, adubhairt sé, ó'n duine uasal atá luaidhte thuas. Do léirigh an páipéar aiste polaitidheachta Shasana agus b'é brí do baineadh as dá ndeintaí tírghabháil ionnraidh annsúd gurab amhlaidh a dhéanfadh sé cómhaontú ar na dreamanna go léir ann i n-aghaidh na Frainnce. Dubhart-sa go raibh aiste na hÉireann ar a atharrach cuma ar fad agus go mb' fhurasta, san fhaid chéadna scríbhinne, an ní sin a mhíniú ar pháipéar. D'iarr sé orm tabhairt fé agus do gheallas san a dhéanamh. Ní cuimhin liom aon chómhrádh thairis sin. Do chuas-sa abhaile agus an tráthnóna san cheapas tuairisc ar aiste na hÉireann, fé mar do shamhluigh sí dhómh-sa, agus b'é buinbhrí mo pháipéir go raibh cúrsaí i nÉirinn ag fónamh do shluagh ionnraidh ó'n bhFrainnc do theacht innti. Ní dhearna aon mhaicscríbhinn de.

"Ar maidin Dé Céadaoin, an lá go raibh coinne déanta agam chun dinnéar a chaitheamh i dteannta an duine uasail is a charad bhí glaodh tagaithe chugam chun dul láithreach síos go Droichead Átha chun gnóthaí a réidhteach roimh ré i gcómhair trialta MhM. Bird agus Hamill, ⁊rl. Do scríobhas, d'á bhrí sin, agus ghabhas mo leithscéal agus chuireas an toisc i n-úil. Do chuas annsan, mar ba ghnáth, ag fiosrú Mhr. A.—— agus thaispeánas an páipéar do. Go grod 'na dhiaidh sin tháinig an duine uasal agus a chara isteach. Tar éis beagán cainnte a dhéanamh ar an díombáidh a bhí air, ⁊rl., chuaidh A.——, an duine uasal agus mé féin i leathtaoibh go dtí fuinneog i gceann de'n tseomra agus rug a chara ar leabhar agus d'imigh leis go dtí an ceann eile. Do leanadh de'n chómhrádh eadrainn i nguth íseal ionnus nárbh fhéidir do-san sinn a chlos. Dubhart-sa annsan go bhfeaca an páipéar ar Shasana, agus go dtugas fé n-a shamhail a scríobhadh ar Éirinn agus léigheas dóibh é. Ó thuigim go bhfuairtheas cóib éigin de'n pháipéar san ní

dheinim tagairt do ach maidir le fios i gcoitchinne ar an scéal, mar dheimhnigh A.—— dhom go ndearnadh athraithe iomdha ann im dhiaidh-se, cuid aca, creidim, ag maolú agus tuille aca ag géarú na nithe bhí agam-sa ann. *Nuair a bhí deireadh léighte agam d'fhiafruigh an duine uasal díom "an raghainn ar muinghin an pháipéir a thabhairt do?" Thugas do go fonnmhar é, ach ba léir dom láithreach 'na dhiaidh sin gur bhotún mór le mídhiscréid agam é, munar mheasa ná san é, páipéar d'á leithéid a thabhairt do dhuine gurbh ar éigean a bhí aithne agam air agus nárbh eol dom cad é an feidhm a bhainfeadh sé as. D'á bhrí sin, i gcionn cúig nóimeatai nó mar sin, d'iarras thar n-ais arís é. Thug sé thar n-ais láithreach dom é gan é a oscailt ná a léigheadh, ná aon chuid de.* Thugas annsan do A.—— é agus is dóigh liom gurbh iad na focail adubhart, ach dob é go cinnte a mbrí, dá mba mhian leis é go bhféadfadh sé macscríbhinn a dhéanamh, agus dá ndeineadh d'iarras air an ceann a thugas do a dhóghadh. Do chas an chainnt annsan mar a raibh cheana ar aiste na hÉireann, an gábhadh a bhí le cabhair d'iarraidh ar an bhFrainnc agus a hullamh-thacht agus a cumas chun a thabhartha uaithi d'á bhféadtaí duine ceart d'fhagháil a raghadh anonn agus a chuirfeadh fé bhrághaid an *Comité de Salut Public* conus mar bhí an scéal ag rudaí annso. Ach ní cuimhin liom go dtáinig ceachtar againn A.——, an duine uasal ná mé féin chun aon chinnteachta gur mise an duine ceart san. D'imigheas-sa liom agus d'fhágas an páipéar, mar adubhart, ar láimh A.——, agus ghluaisigheas láithreach go Droichead Átha.

"Ar maidin Dé Sathairn fuaireas leitir ó A.—— (rud a bhí imithe i ndearmad orm nó gur shuidheas chun scríobhtha agus gur mé bheith ag cuardach do dhátaí a thug im chuimhne é) d'á iarraidh go géar orm teacht d'á fhéachaint láithreach ar ghnó airthineach. D'á dheascaibh sin ghluaisigheas láithreach agus thána ar tiomáint go dtí an chathair agus chuas ar an dtoirt go dtí A.——. Dubhairt sé liom go raibh deithneas ar an duine uasal chun bheith ar siubhal agus gur theastuigh thar gach ní eile uaidh mise d'fheicsint. Níorbh fhéidir dom ámh, aon fhios d'fhagháil go raibh aon ní nua tuitithe amach agus bhí, d'á bhrí sin, roinnt míoshásaimh orm i dtaobh go dtugadh fé mhóirdheifir do'n chathair mé ar ghnó i n-aistear. Dubhart, ámh, go mb'fhéidir go raghainn d'fhios an duine uasail maidin lá ar n-a mháireach (Dia Domhnaigh) ar a naoi; ach máiseadh bhí beartaithe agam gan dul, agus, d'á bhrí sin, i n-ionad dul chuige, d'imigheas liom go Droichead Átha ar a sé a chlog. D'fhilleas Diardaoin ar an gcathair agus thug A—— imdheargadh

orm i dtaobh gan freagairt dom choinne. Dubhairt sé annsan liom, rud a chuir alltacht agus míoshásamh do-innste orm, go raibh dhá chóip nó trí de'n pháipéar d'fhágas aige tugtha do'n duine uasal aige tar éis athraithe iomdha a dhéanamh air agus go raibh sé tar éis mo chóib-se a dhóghadh fé mar d'iarras air. Ó bhí an bheart déanta agus gan aon dul uaidh bheartuigheas ná déanfainn gearán ach go dtarraingeochainn mé féin chómh luath agus d'fhéadfainn é as gnó 'nar léir dom neimhdhiscréid chóm tubaisteach san. Ní deimhin dom ciaca b'í an mhaidean san nó an mhaidean 'na dhiaidh go dtáinig an duine uasal agus a *chara* isteach, ach i gcionn tamaill do tosnuigheadh ag cainnt i dtaobh na ngnáthadhbhar agus de'n chéad uair, go bhfios dómh-sa, bhí cara an duine uasail páirteach san gcómhrádh. Dar liom-sa bhíodh sé 'ghá sheachaint roimhe sin. Le linn a luadh arís a dheacra bhí sé duine iomchuibhe d'fhagháil le dul go dtí an Fhrainnc, agus nuair adubharthas (agus ní cuimhin liom go cruinn cia de'n ghasra a dhein) ná raibh duine ar bith chómh hoiriúnach ar gach slí liom féin, bhaineas feidhm as an ócáid chun atháireamh a dhéanamh ar gach ní beagnach adubhart le linn gach agallmha roimhe sin ar aiste choitchionn na tíre, agus dubhart annsan, maidir le mise a dhul do'n Fhrainnc gur duine gan maoin me, go rabhas i dtaoibh lem ghairm mar shlí maireachtana, go raibh bean agus triúr leanbh agam gur mhór é mo chion ortha agus gan de bhraith aca ach mise chun a gcothaithe, ná féadfainn imeacht agus iad d'fhágáil gan dada aca im dhiaidh ach iad do dhul i leith Dé chun a gcoimeádtha, agus d'á bhrí sin, maidir le dul mé féin do'n Fhrainnc, gurbh 'in rud nárbh fhéidir. Dubhradar uile go raibh réasún lem chainnt, *ach níor tairgigheadh aon airgead ná aon chongnamh d'á shaghas d'fhonn mé a bhogadh ó'n gcómhairle bhí ceapaithe agam.* Táim ag luadh an scéil seo de bhrí go dtuigim go gceaptar go ndearnadh tairgsint d'á leithéid.

"Do bhí an duine uasal do luadhadh cheana ar barraoid tagairt do nithe áirithe a chabhróchadh leis an ngnó san dá mbeadh duine le fagháil; ach do choisceas é agus dubhart ó ná féadfainn féin aon fheidhm a bhaint as an bhfios, nárbh áil liom eolas rúnda bheith agam ná beadh maitheas dom féin ann agus a bheadh 'na adhbhar baoghail do-san. Is dóigh liom gur le linn an chómhráidh sin, agus b'é an ceann deiridh agam-sa leis é sular gabhadh an duine uasal, gur thagair duine éigin, ná féadfainn i n-aon chor a rádh cia hé, do leitir a cuireadh san oifig puist go raibh na páipéir atá luaidhte cheana innti, agus seoladh uirthi go duine éigin ag baile cuain

éigin neodrúil, ach is aineolach go hiomlán mé i dtaobh conus ná cathain ná cé chuige a cuireadh an leitir ná cad a bhí innti, ach do réir mar tá curtha síos anois agam. Is é fáth go bhfuilim ar uireasbhaidh eolais ná gur sheachnuigheas dem dheoin m'aigne a chur fé ualach rún go mbeadh d'fhiachaibh orm 'na dhiaidh sin a scéitheadh nó fulang le dochraide ródhian. Cibé ní thárlaidh tar éis gabháil an duine uasail ní heol dom é ach maidir le ráflaí coitchionna, mar ná feaca é ach ar feadh tuairim dhá nóimeat i seomra A.——, an oidhche a cuireadh do'n phríosún é nuair ná raibh de chómhrádh ann gur cuimhin liom é ach go ndubhart-sa agus go ndubhairt A.—— leis dá dtugtaí i láthair na cómhairle rúnda sinn go n-abróchaimís gach duine againn an fhírinne chómh gairid agus d'fhéadfaimís du di gan baoghal dúinn féin, mar ná beadh ann ach saotharú míochlu dhúinn féin, fara baoghal, sinn a thabhairt fé aon éitheach a cheapadh agus ná raibh againn anois ach dul le hádh nó le mí-ádh.

"Tá curtha síos anois agam, do réir mar is fearr is cuimhin liom, gach ní tábhachtach d'á dtáinig ar m'eolas agus go rabhas páirteach ann. I n-ionad mé bheith láithreach le linn dhá chómhrádh mar cheapas ar dtúis, is eol dom anois go rabhas ag trí cinn aca ach ní fiú a áireamh an difridheacht do ghní sin. Ní féidir dom a bheith go dearbhtha cruinn i dtaobh dátaí ach measaim go bhfuilid go ceart.

"Tá an scéal so rómham curtha síos agam i muinghin onóra an duine uasail go bhfuilim 'ghá thabhairt go toiltheanach do ná bainfar feidhm ar bith as i n-aghaidh aon duine d'á mbaineann leis an scéal i n-aon chúrsaí dlí. I leith cúrsaí polaitidheachta amháin atáim-se 'ghá thabhairt uaim.

"Maidir liom féin is léir ó'n scéal féin cad é an pháirt a ghabhas san ngnó. Pé ní thiocfaidh as ní thiubhrad aon iarracht ar chúladh, ná ar an dán atá ar mo thí, cibé ní é, a sheachaint. Níl ach rud amháin eile agam le rádh—ná bhfuil aon ní d'fhéadfadh a bhaint dom, dá mba bás aithiseach féin é, ná fulaingeochainn níos túisce ná thabharfainn fianaise i gcúirt dhlí i n-aghaidh *aon duine* de'n dream atá i gceist.

"THEOBALD WOLFE TONE.

"*Baile Átha Cliath*,
Bealtaine 3, 1794."

Nuair a thug m'athair an páipéar san uaidh b'é an tuairim choitchionn, agus a thuairim sin leis, gur teachtaire rúnda an Siachasach a bhí i seirbhís Rialtais na Breataine. Ní raibh aon

fhagháil ar a ainm a ghlanadh ó'n míochlú bréan san ach an bás d'fhulaing an fear d'á dheoin. Agus do ghní sé gníomh níos fuathmhaire fós de go raibh anam an tSiachasaigh, sula dtáinig sé ar aon chor i nÉirinn, fé n-a gcómhacht go hiomlán ag Rialtas na Breataine. Do bhí a thrúig uilc cheana féin ceangailte de. Dob eol a thoisc ó'n bhFrainnc, gach smaoineamh agus gach tuairim d'á raibh aige dob eol iad. Do ceaduigheadh do dul chun cinn, agus ní chun cómhairle ceilge a bhí ar siubhal i nÉirinn a nochtadh é ach chun a leithéid a chur ar siubhal innti ionnus, d'á dheascaibh sin, go méadóchaí ar uimhir na ndaoine a dhéanfaí a íobairt. Is ar éigean a gheobhthaí i stair tíre ar bith eile ach tír na hÉireann solaoid níos ainscéanúla ar mhíothrócaire fill gan riachtanas.

Go luath 'na dhiaidh sin, tré dhícheall a cháirde agus tré eadarghabháil fhéil Artúir Wolfe, go ndearnadh 'na dhiaidh sin Tighearna Cille Warden agus annsin Atúrnae Generálta dhe, do deineadh an réidhteach atá luaidhte thuas. Is eol dom gur féidir d'á lán a cheapadh ná raibh m'athair buidheach a oiread is ba cheart do do Rialtas na hÉireann, go raibh sé i lúib a gcómhachta aca go róbhaoghalach. Níl de fhreagradh agam air sin ach gur mhó aige a dhualgas d'á thír ná a thuairimí agus a leas pearsanta féin; go raibh a dtíorántacht súd ag dul i bhfuathmhaire i n-aghaidh an lae, agus i ndálaibh an bhaoghail mhóir sin féin gur dhiúltuigh sé go seasamhach aon cheangal a chur air féin maidir le haon gheallúint a thabhairt i dtaobh na haimsire bhí chuige. Do bhí sé sásta, ámh, glacadh leis an dtairgsint a thugadar ar dtúis: é chur go dtí na hIndiatha Thoir as raon polaitidheacht na hEorpa, nuair a thánadar ar mhalairt chómhairle ar bheith dhóibh b'fhéidir i n-eagla roimhe annsúd féin. Le muinghin as laige brí na hÉireann do cheaduigheadar do fé dheireadh a cheann a tharrang as béal an mhachtíre, mar a dhein an chorriasc i scéal Aesop, agus imeacht leis ar díbirt deontaigh gan cheangal, gan chosc.

Ó'n tslí bhí a chúraimí, ámh, níorbh fhéidir do ar feadh roinnt míos, gluaiseacht ar a thuras. Ar feadh na haimsire sin uile bhí an Siachasach ar barraoid a thrialta agus bhítheas 'ghá bhagairt ó'n gcuid dob ainspianta de lucht an Rialtais go gcuirfaí d'fhiachaibh air teacht do láthair chun a cheistithe mar fhínéidh—trúig baoghail go dtug sé diúltamh go seasamhach do. Do caitheadh bliain iomlán fé'n neimhchinnteacht imnidheach san ó ghabháil an tSiachasaigh san Aibreán, 1794, go dtí a thriail agus a bhás san Aibreán, 1795.

Fé thuairim tosach na bliana, 1795, las léas dóchais agus gréine ar íoghar na spéire i nÉirinn ar feadh nóimite ó'n mbuaidh aonuaire rug na Whigeanna, agus ó cheapadh Tighearna Mac Uiliam 'na Fhearionaid Rí. Ar an ócáid sin arís dhein an dream san m'athair a cháiseamh, ar an gcéad rud, chun páipéar nuachta a chur ar bun agus, 'na dhiaidh sin, chun scríobhadh a dhéanamh ag teanntú le n-a riarachán súd. Do ghaibh na treoraithe Catoiliceacha le dúthracht leis an scéal óir thuigeadar an áis a bheadh ann dóibh féin dá mbeadh sé i n-ionad d'á leithéid, agus bhíodar ag tathant an scéil ar an lucht riaracháin, a bhí go muinnteardha leo ag an am san. Do bhí neamhfhonn air i gcómhnaidhe chuige agus is léir ó'n meamram gearr so leanas na smaointe tháinig do ar an ócáid úd.

"*Feabhra* 7, 1795.—Chuaidh MM. Ó Broin, Hamill agus Mac Eochaidh ag cainnt le Mr. Grattan chun go moladh sé mise do'n Rialtas nua mar le duine a dhein agus d'fhulaing a lán ar son cúis na gCatoiliceach. Roimh dul ann dóibh tuigeadh dom gur ceart a chur i n-úil do Mhr. Hamill, ó b'eol do'n bheirt eile go rímhaith cheana agus go mórmór do Mhr. Mac Eochaidh, cad iad na fátha bheadh le haon doicheall a cheapas a bheadh ag Grattan rómham—an chéad rud gur Éireannach Aontaithe mé agus go mb'fhéidir gur mé b'údar do roinn páipéar nár thaithnigh leis an Rialtas a bhí *fé láthair* ann. Mar fhreagradh air sin dubhart leis, mar dob fhíor dom, ná raibh aon chómhacht san gcumann san riamh agam, go rabhas im dhuine fé amhras coitchiannta aca nó, ar an gcuid is fearr de, im chóimhleacaidhe dar leo do Chatoilicigh, agus mé ag iarraidh úirlis a dhéanamh de'n chumann chun saoirse do bhaint amach dóibh sin tré leigean gach cuspóra eile d'á raibh aca ar lár; ná rabhas ó Bhealtaine, 1793, i láthair ag aon chruinniú d'á raibh aca ná páirteach 'na ngnóthaí, ní gur bheartuigheas air de dheascaibh dileagra gur ghlacadar leis d'aindeoin mo bhreithiúntais-se go mór, agus ag glaodh ar na Catoilicigh, láithreach tar éis a mbille d'achtú, teacht chun cinn agus aithleasú d'éileamh, iarracht a thuigeas-sa bhí mioscaiseach, ceilgchleasach; nár scríobhas riamh ach aon pháipéar amháin i dtaobh an choiste rúnda a chuir Butler agus Bond i bpríosún, páipéar dar liom a ceapfaí a bheith measardha go leor; agus nach mise, dar ndóigh, dob údar do na páipéir a thug masla do'n Rialtas atá anois ann. Dob é, dar liom, an chéad ní eile bheadh im choinnibh ná i dtaobh na ngárdaí náisiúnta. Mar fhreagradh air sin dubhart go rabhas i Lonndain le linn an ghnótha san uile, agus

le linn foillsithe " A Shaighdiúirí Cathardhach, ar na hairm ! " i dteannta toscairí na gCatoilicéach, agus d'á bhrí sin ná féadfainn bheith páirteach ann, agus d'fhágas a dheimhniú san fé Mhr. Mac Eochaidh. Dob é an treas ní bheadh im aghaidh an ceann ba thábhachtaighe, sé sin an méid a bhíos páirteach i ngnó úd an tSiachasaigh agus an Ruadhánaigh, atá léirithe go mion agam i n-áit eile im chuid meamram. 'Na thaobh san ná raibh le rádh agam ach gur dheimhnitheach nár iomchuruigheas mé féin le discréid ró mhór san ngnó san ach, bíodh mar bhí, gur innseas go hiomlán é do'n rialtas a bhí ann agus nárbh é a dtuairim sin, tar éis breithniú fada a dhéanamh ar an gceist, go raibh aon chall le pionós ; go raibh a dheimhniú san agam go baileach, go fiú leitir a scríobh an Rúnaidhe Hamilton, ar órdú Thighearna Westmoreland, d'á dhearbhadh dhom mé bheith ó bhaoghal ionnsaithe ar bith ; go raibh dóchas agam d'á bhrí sin, munarbh fhearrde mé, ar a luighead nár mhiste mé, an t-athrú so tháinig go deireannach san Rialtas. D'fhágas an chuid eile de na nithe a luadhfaí chun mo chosanta fé Mhac Eochaidh, óir bhíos tar éis an scéil go léir a chur tré 'chéile leis-sin roinn laethe roimhe sin.

" Do ráidh Hamill ' bhí sé sin go léir ceart go leor ach an raibh le tuigsint aige go raibh cead aca a rádh le Mr. Grattan go rabhas fonnmhar chun cabhrú leis an Rialtas so ? ' Dubhart-sa ' nach mar sin é ar aon chor, dá mba mar sin a bheadh gur scéal margána agus díl a bheadh ann agus nach fé thuairim aon chomaoine a chur é ar an dream mór go mbeadh seisean ag labhairt ar a son ; gurbh áil liom ná beadh aon choingheall ann ag gabháil leis an aimsir a bhí chugam, ach gurbh é bun a bheadh leis ná tairbhe na seirbhíse *a bhí tugtha cheana* agam ar son na gCatoiliceach.' Dubhart nár mhiste dho le n-a linn sin a rádh go raibh claonadh agam chun an Rialtais nua i dtaobh cuid d'á ngníomhartha a bhí cheana ar foillsiú, mar atá, saoirse na gCatoiliceach agus ainmniú an Phríomhaidh agus an Phrobhoist. Do chuireas gárda leis sin, ámh, le n-a rádh dhom go raibh nithe eile agus ná ceannóchadh a gcódhnacht uile mé chun mo chabhair a thabhairt leo : mar atá, chun an chogaidh chuirbthigh seo, nó aon mhaslú thabhairt ar Thuaisceart na hÉireann, nó ar aithleasú Pairliméide ; níos túisce ná mar thabharfainn aon toil le n-a leithéidí go gcuirfinn, má ba ghábhadh é, £50 im phóca agus go ngluaiseochainn liom féin go dtí an cúinne is imigéine de'n domhan. Lasmuich de'n eisceacht san, ámh, bhí mórán adhbhar, go mórmór dlithe ar mhaithe le Catoilicigh, go bhféadfainn mo chongnamh

dúthrachtach a ghealltúint dóibh 'na gcómhair; ach go raibh eagla orm (agus is deimhin liom gurbh fhíor san), na hiarrachtaí nár thaithnigh liom, gurbh iad san, b'fhéidir, na nithe go mbeifaí buidheach díom ar son a gcosanta.

"Tar éis an léiriú san d'fhagháil d'imigh an toscaireacht agus táim ag scríobhadh na meamram so agus mé ag feitheamh le toradh a n-iarratais. Do bheirim buidheachas do Dhia d'aigne fhíorshochma nár chothuigheas aon dóchas díomhaoin ná rabairneach aon uair agus d'á bhrí sin níl sé i gcumas an duine díombáidh a chur orm. Is é mo thuairim féin go dteipfidh ar an iarratas agus má theipeann ní measa an scéal agam ná mar bhí cheana.

"Ba cheart dom a chur isteach thuas, 'na ionad ceart, go ndubhart le Mr. Hamill ná rabhas *ag iarraidh* ceangail leis an Rialtas so, mar dar liom gur léir dom roimh ré nach fada choimeádfaidís ná a thuillfidís iontaoibh na ndaoine asta, agus dubhart arís leis nárbh áil liom mo sheasamh a bheith ar aon ní eile ach ar mholadh an dreama Chatoilicigh amháin agus gan bac le haon tseirbhís a thabharfainn nó a bhí tugtha agam féin."

Fá dheoidh do dhiúltuigh m'athair an tairgsint sin 'ghá rádh dho go raibh áirdmheas aige ar mheon an Tighearna Mac Uiliam, ná raibh amhras ar bith aige ná gurbh fhiú cabhrú leis i ngach gnó a chuirfeadh sé roimhe agus go gcabhróchadh sé féin leis, maidir le duine, an fhaid a thaithneochadh a iarrachtaí leis ach ná féadfadh sé dul fé aon cheangal cómhaontaidh. Is amhlaidh a bhí ó thráth an-luath go raibh a chuid prionsabal polaitidheachta san éirithe i bhfad níos aoirde ná mar bhí ag na Whigeanna, ba chumang leis a dtuairimí agus ba spriúnlaithe leis a gcuspóirí agus gur dhóiche gurab é a thiocfadh de bharr na nithe bhí d'á mbeartú aca ná mórú a ndreama féin i n-ionad buanmhaith choitchionn na tíre. Do chuir an diúltamh san míoshásamh mór ar na Whigeanna agus thug Mr. Ponsonby, a bhí ag súil go ndéanfaí Atúrnae Generálta dhe féin, breabhaid uaidh go mb'fhéidir ná faghadh Mr. Tone an chéad Atúrnae Generálta eile chómh so-aonta leis an duine deireannach. San Márta, 1795, nuair a glaodhadh thar n-ais ar Thighearna Mac Uiliam, fuair m'athair deimhniú nua ar chion na gCatoiliceach air agus a n-iontaoibh as, nuair a cheapadar é, d'aindeoin an cor éigcinnte sin a bhí air, le dul i dteannta na toscaireachta a chuireadar ag triall ar an Rí d'á iarraidh air ceadú do'n Tighearna úd fanúint i mbun an riaracháin, agus chun an athchuinghe a chur le 'chéile

chuige sin, agus an dileagra do'n Tighearna. I mí an Aibreáin 'na dhiaidh sin, go luath tar éis do filleadh, do triaileadh agus do cuireadh Mac Siachais chun báis. Do dhein sé cúiteamh uasal thar cionn na mbotún a bhí déanta aige.

Le teacht Tighearna Camden 'na Fhearionaid Rí iseadh thosnuigh rialú triarach na dtrí nIarlaí n-uasal san Camden, Carhampton agus Cláir, a thiomáin, le sírmhéadú géirleanúna, na daoine chun buile agus chun ceannairce go fóirleathan ós árd. Ach le linn tosach a réime siúd do chóimhlíon m'athair an réidhteach a dhein sé leis an Rialtas chun imeacht as Éirinn. Na rúin buidheachais a fuair sé ó na Catoilicigh i mBaile Átha Cliath le linn do éirghe as an bpost a bhí aige 'na rúnaidhe agus 'na thimthire aca ; an onóir a tugadh do annsúd agus i mBéal Feirste ; na hórdaithe fé rún a thug sé chun leanúint de'n eadarghnó a tosnuigheadh le Mac Siachais, táid siad le fagháil san aguisín bhig seo leanas d'á mheamram a scríobh sé sular ghluais ar bórd ag teacht ar an eachtra go Cuan Bheanntraighe.

XVI

IMEACHT WOLFE TONE AS ÉIRINN GO hAMERICA

A ghealltúint do'n Ruiséallach agus d'Emmet. Gluaiseacht go Béal Feirste. Dúthracht a charad i mBéal Feirste dho. An eachtra thar fairrge san "Cincinnatus." Loingeas Shasana d'á gcosc is d'á gcuardach. Preasáil le lámh láidir ar fhuirinn uile na luinge agus ar mhórchuid fear de'n lucht taistil. Sroichsint go Wilmington. Dul go Philadelphia. Bualadh le Mac Rághnaill agus an Ruadhánach. Agallamh le Taidhleoir na Fraincce. Ar thuairisc feirme. Leitir ó Éirinn ag tathant air dul do'n Fhrainnc. Cur a dhearthár, Artúr, go hÉirinn agus a dhul féin ar bórd luinge do'n Fhrainnc. A theacht go Havre Lá 'le Brighde, 1796.

Ó tá an aimsir ag dul i ngirreacht orm táim ag scaoileadh tharm tréimhse an-ghreithleánach dem shaoghal go bhfuil tagairt go cruinn déanta ar na héachtaí móra a bhain leis ins na dialanna atá ameasc mo chuid páipéar, agus táim ag brostú go dtí an tráth nuair a daoradh Uiliam Mac Siachais le tréas agus go raibh orm imeacht as mo thír agus dul ar díbirt go hAmerica. Go gairid roimh gluaiseacht dom, ó thárlaidh mo chara an Ruiséallach insa chathair do shiubhluigheamar araon amach go Ráth Fearnáin d'fhéachaint Emmet atá ann agus Villa gleoite aige. Do thaispeáin sé seomra eilipteach chun staidéir a bhí d'á thógáil aige ag bun an léana tighe, agus a bhí beartaithe aige, adubhairt sé, chun cruinnithe dhúinn féin dá mairimís chun ár dtír d'fheicsint fé shaoirse. D'athchuingheas air, má bhí beartaithe aige an Ruiséallach a bheith 'na dhuine orainn, go gcuirfeadh sé iorlannóg bheag fé ghléas ann, i dteannta na leabhar agus na léarscál a bheadh dar ndóigh aige, mar a gcaithfaí roinnt dosaon de'n tseanchlairéid ab fhearr aige a chur. Do thaispeáin sé dom ná deaghaidh an méid sin féin i ndearmad air, agus d'admhuigh gur ní riachtanach é, agus thugamar araon greasacht ar fheabhas ar an Ruiséallach. 'Sé thug orm an scéilín seo gan tábhacht a chur síos ná an grádh atá do na fearaibh sin agam, agus toisc go bhféadfaí a cheapadh ar a luighead anois go mb'fhéidir go mbuailfimís le 'chéile fós i seomra stáidéir an Emmetigh. Le linn dúinn bheith ag

siubhal le 'chéile i dtreo na cathrach do nochtas dóibh araon an ní bhí beartaithe agam. D'innseas dóibh ná raibh ceangal orm ó'n réidhteach a bhí déanta agam leis an Rialtas ach go bruach an Delaware, agus ar an nóimeat a raghainn i dtír ná raibh a bhac orm aon ghnó a tharrang chugam go mbeartóchadh m'aigne air ar mhaithe le saoirse mo thíre ; go ndearna gan amhras coir mhór i n-aghaidh an Rialtais a bhí ann, go rabhas, d'á dheascaibh sin, ag dul ar díbirt agus gur mheasas gur leor de chúiteamh an díbirt sin im choir ; agus d'á bhrí sin gur tuigeadh dom, ó bhí an íobairt sin déanta agam, ná raibh a bhac orm tosnú ar scórmhaide nua. Do réidhtigheadar araon leis na prionsabail sin agam agus chromas annsan ar innsint dóibh cad a bhí ar intinn agam a dhéanamh láithreach tar éis mé do shroichsint Philadelphia ; go raghainn go dtí taidhleoir na Frainnce, go n-inneosainn go baileach do cad é an aiste ar a raibh cúrsaí i nÉirinn agus go ndéanfainn iarracht ar leitir mholta d'fhagháil le breith chun Rialtas na Frainnce agus, dá n-éirigheadh liom san méid sin, go bhfágfainn mo líontighe i nAmerica agus go ngluaiseochainn láithreach go Paris agus thar ceann mo thíre go n-éileochainn congnamh na Frainnce chun go bhféadaimís ár saoirse a bhaint amach. Ní gábhadh a rádh, measaim, go bhfuair an beartú san moladh agus dúthracht ó'n Ruiséallach agus ó'n Emmeteach araon ; chroitheamar lámh le 'chéile agus, tar éis a chur i n-úil d'á 'chéile arís an meas agus an gradam do-chlaochlaithe bhí againn d'á chéile, do scaramar agus dob é sin an cómhrádh deiridh go raibh sé de shonas orm é dhéanamh d'aon-chuibhreann lem bheirt cháirde sármhaithe. Is cuimhin liom gur i bpáirc bhig tréchúinne a thárlaidh an cómhrádh úd agus dubhairt Emmet gur i gceann d'á shamhail san Eilbhéis a bheartuigh Uiliam Tell agus a chuid cóimhleacaithe tuairt a bhaint as tíorántacht na hOstaire. Lá ar na mháireach d'fhill an Ruiséallach ar Bhéal Feirste.

Ó bhí beartaithe agam a chur i n-úil nach ar éalódh d'imeochainn as Éirinn, pé baoghal a bheadh ann dom, thugas orm féin, an lá do triaileadh Mac Siachais, siubhal síos suas na sráideanna ba thiugha daoine i mBaile Átha Cliath agus dul, rud nár bhéas dom, isteach i gcuid mhaith de na tighthe Caifé ba mhó go raibh tarrang daoine ionnta agus go dtí siopa reiceadóir mo chuid leabhar, áit dob fhoirlíonta fós de dhaoine. San áit deiridh sin chonnaic Tighearna Mountjoy mé agus chuir sé sin de dhuadh air féin dul go dtí an tAtúrnae Generálta lá ar na mháireach agus a innsint do go rabhas-sa le fagháil, mar go bhfeacaidh sé féin mé i dtigh Archer an lá roimhe

sin. Níor ghaibh an tAtúrnae Generálta, ámh, aon bhuidheachas leis de bharr a thurais agus b'in é deireadh an chúrsa san. Ní lughaide, ámh, atáim fé chomaoin ag an Tighearna uasal ar son a dheighintinne.

Nuair a bhí an iarracht déanta agam d'fhonn an méid sin a chur i bhfeidhm ar dhaoine do thosnuigheas go dícheallach ag ullmhú chun gluaiste. Do dhíolas a raibh agam de'n uile chinéal sócmhainní ach mo chuid leabhar amháin. Do bhí agam bailiúcháin deaghthoghtha dhíobh san, tuairim sé chéad leabhar. Do bheartuigheas gan slán d'fhágáil ag aoinne. Do bheartuigheas, leis, gan dul ag fiosrú aoinne dem cháirde, fiú Knox ná Emmet, óir, ó bhí a fhios agam, toisc an bhaint a bhí agam le cúrsa an tSiachasaigh, gur tógadh na héighmhe go héigneach im choinnibh d'á dheascaibh sin ag dream an-líonmhar, an-chómhachtach, do chinneas im aigne gan aoinne de'n dream gur mhór agam iad a tharrang isteach san achrann go rabhas féin ceangailte ann. Ó bhíos cinnte go raibh m'iomchur féin gan éislinn agus mo chuspóirí go hionnraic d'fhéadfainn, dar liom, fulang lem cháirde dlútha dom thréigean; ach b' uasal an mhaise aca é. Níor ghábhadh dhom fulang le greim chómh géar san. Níor cheil oiread agus aon duine amháin de'n dream d'á dtugas cion a chombáidh agus a chabhair orm; agus measaim go bhfuaireas seilbh buan ar a ndeighmhéin toisc a dhaingneacht a bhíos féin ó thúis riamh an fhaid a bhí an chúis dhochraideach chráidhte seo ar siubhal; agus go mórmór toisc mé d'á rádh arís agus arís eile go rabhas ullamh chun an bás d'fhulang ach ná déanfainn truailliú choidhche orm féin le fianaise thabhairt i n-aghaidh duine a labhair liom le muinghin ná scéithfinn air. Dubhart ná deaghas ag fiosrú aoinne tar éis bháis an tSiachasaigh ach tháinig mo cháirde uile d'aon ghnó, measaim, am fhiosrú-sa ionnus, ar feadh an ghearrthréimhse a bhíomar i mBaile Átha Cliath 'na dhiaidh sin, ná rabhamar uair a chluig gan duine éigin againn. Ar tosach ortha-san do bhí, dar ndóigh, mo cháirde Mac Cormaic agus Mac Eochaidh, beirt a chuir duadh an-mhór ar feadh na haimsire ortha féin ar mo shon, agus gurbh iad ba mhó fé ndeara gur cuireadh an rún i bhfeidhm chun £300 a thabhairt dómh-sa i bhfochair an riaráiste a bhí ag dul dom ó na Catoilicigh. Is ar éigean ba ghábhadh é, do dhaoine chómh léir leo-san go raibh aithne cruinn aca orm, an rud a bhí beartaithe agam d'innsint dóibh, ach mar sin féin, d'fhonn an scéal a dheimhniú níos fearr, chuireas fé n-a mbrághaid é agus bhíodar, fé mar cheapas a bheidís, ar aon

aontadh liom go dúthrachtach, agus chuireadar de gheasa diana orm gach aon iarracht a thabhairt chun an Fhrainnc a shroichsint agus a chur fé bhrághaid an Rialtais ann conus mar bhí an scéal againn ; agus dubhradar ar an am gcéadna, dá n-éirigheadh liom ná raibh aon ní bheadh i gcumas mo thíre a bhronnadh ná go mbeadh buannacht agam ar é d'fhagháil. Is minic a chuir sé iongnadh mhór orm-sa agus ortha-san go gceadóchadh an Rialtas, agus a fhios aca go raibh taidhleoir Franncach ag Philadelphia, dómh-sa riamh dul ann gan ar a luighead geallúint éigin chinnte a bhaint díom ná déanfainn aon eadarghnó leis, olc maith ná donaidhe. Ach sin mar bhí, ámh. Do cheaduigheadar dom gluaiseacht, pé aca tré lagmheas ar mo dhícheall é nó gur tuigeadh dóibh go rabhadar beagbheann ar an bhFrainnc, gan aon léiriú beag ná mór i dtaobh an chúrsa san d'iarraidh orm, agus ba chúis áthais liom féin sin : óir dá mbeadh orm geallúint onóra thabhairt uaim ann bheinn go mór fé bhuaireamh ciaca dualgas a chóimhlíonfainn. Ar ádhmharaighe an domhain ní raibh an tsnaidhm sin le scaoileadh agam mar leigeadar dom gluaiseacht gan aon choingheall ar aon chor. B'fhéidir go mb'fhearr dhóibh dá leanaidís de'n chéad ní nuair a bheartuigheadar mé chur amach go dtí an India; ach, maidir leis sin, chífear fós.

Tar éis gach fiach a bhí orm a íoc agus socrú le gach n-aon, do ghluaisigheas ó Bhaile Átha Cliath chun Béal Feirste an 20adh lá de Bhealtaine 1795, lem mhnaoi is mo dheirfír is triúr leanbh, agus d'fhágas m'athair agus mo mháthair, is maith an dóigh, go róbhuartha im dhiaidh. Dob é iomláine ár maoine : ár gcuid éadaigh, mo chuid leabhar agus tuairim £700 i n-airgead agus i mbillí ar Philadelphia. Ní tháinig aon mhímhisneach orainn. An gradam mór a tugadh dúinn, an tuigsint a bhí againn go rabhamar ag fulang i ndeaghchúis, an greithleán a bhain le haistriú chómh mór san, agus b'fhéidir beagán de thóirtéis toisc a bheith 'ghá thaispeáint go rabhamar ag éirghe lastuas d'ár ndeacraí, ba mhór an teannta iad san dúinn chun seasamh i n-aghaidh cruadhála a bhí, go dearbhtha, mó is dian.

Ach má ba chineálta ceanúil ár gcáirde i mBaile Átha Cliath ba mhó ná san, dá mb' fhéidir é, a bhí ár gcáirde i mBéal Feirste. I rith an mhí beagnach a chaitheamar ann bhí coinne déanta i n-aghaidh gach lae linn ag duine éigin, fiú daoine ná raibh aon aithne ar éigean aca orm, bhíodar d'iarraidh aoidheacht a thabhairt dúinn, do cuirtaí céilithe agus turasanna ar siubhal mar chaitheamh aim-

sire dhúinn. Go dearbhtha ba dheacair ár n-iomchur-na agus an fháilte a cuireadh rómhainn i mBéal Feirste a shamhlú le duine gur tré mhíorbhailt a sheachain sé an chroch agus a bhí d'á thiomáint as a thír d'fhonn críoch níos náirighe a sheachaint. Is cuimhin liom go speisialta dhá lá do chaitheamar ar Bhinn Mhadagháin. Ar an gcéad lá chuir an Ruiséallach, Mac Néighill, Simms, Mac Reachtain agus duine nó beirt eile againn fé gheasa go solamhanta sinn féin ar mhullach Dúin Mhic Airt gan staonadh choidhche dár saothar go leagfaimís ar lár forlámhas Shasana ós cionn ár dtíre agus go saorfaimís í, agus is dóigh liom nach miste dhom a rádh im chuid-se dhe ná dearna col geise ann. Lá eile do suidheadh both an chéad chatha dhúinn i bPáirc an Fhiaidh agus chaith gasra triochad againn, ar a raibh muinntir Shimms, Mhic Néighill, Mhic Reachtain agus mo mhuinntir-se, dinnéar agus an lá i bhfochair a chéile go haoibhinn. Ach an lá ba thaithneamhaighe linn d'ár chaitheamar ann, an lá dob aoibhne d'ár saoghal, do chaitheamar é fara muinntir Shimms agus Mhic Néighill agus an Ruiséallach i nOileán an Reithe, ball álainn suaithinseach ar Loch nEachach. Ní fhéadfaí aon ní dob áilne ná é a shamhlú, agus shocruigheamar, pé áit 'na mbeimís, gach n-aon againn, go ndéanfaimís cuimhniú cinnbhliana ar an lá san, an 11adh lá de Mheitheamh. Fé dheireadh tháinig tráth ár ngluaiste. Ar an 15adh lá de Mheitheamh chuamar ar bórd an "Cincinnatus" ó Wilmington, fé'n gChaptaen Séamas Robinson, agus dar liom bhí brón ar gach n-aon dár lucht aitheantais 'nár ndiaidh. Fiú roinn dem sheancháirde, a bhí tar éis mé do thréigean le fada roimhe sin, d'fhilleadar orm nuair a dhruid an donas so im threo, óir chuaidh sé i bhfeidhm ortha, measaim, an seasamh docht a dheineamar uile le linn an léin. Le linn imeachta dhúinn bhronn ár gcáirde i mBéal Feirste a lán nithe orainn agus líonadar an cábán beag a bhí againn le gach stór fairrge: úradhbhair bidh, milseáin agus gach aon rud eile d'fhéadfaidís a cheapadh chun compórd mo mhná agus mo chlainne. Ní dhearmhadfad go bráth an fhaid is beo mé a dhúthrachtaighe bhíodar dúinn. Sular ghluaisigheas do mhínigheas do Shimms, do Mhac Néighill agus do Ch.S. Taoiling cad a bhí im aigne a dhéanamh nuair a raghainn go hAmerica agus ba mhór an sásamh aigne chuir sé orm nuair a réidhtigheadar liom sa scéal go hiomlán. Thuigeas annsan go rabhas i n-inmhe labhairt le lánchómhacht agus go barántúil thar ceann na gCatoiliceach, na nDí-aontach agus thar ceann Cosantóirí na hÉireann.

Ar an bhfairrge dhúinn bhí caoi againn ar ár gcás féin a bhreithniú. Do bhí seomra ar leith fostaithe agam a bhí tuairim ocht dtroighthe ar faid agus a sé ar leithead agus trí cinn de leabthacha socraithe dhúinn ann, ceann i gcómhair mo mhná agus an gharsúin dob óige, ceann i gcómhair mo dheirféar agus mo chailín bhig, agus mé féin agus an buachaill ba shine san treas cheann. Ar dtúis bhí sé míochomhthromúil go leor, ach mhúin an riachtanas agus an taithighe dhúinn i ndiaidh a chéile cur suas leis an scéal. Dob é greim is déine bheireadh orainn ná ceal uisce mhaith, ceataighe dob éigean dúinn a fhulang ar feadh an iomraimh uile agus nárbh fhéidir dúinn déanamh le fíon, lionn dubh ná biotáile 'na ionad, bíodh go raibh ár ndóthain mór díobh san againn. Do bhí an captaen cuibheasach lághach, bhí an long go teann agus bhí an uain go maith againn ar feadh na slí go léir nach mór. Ach bhí trí chéad againn de lucht taistil i luing 230 tonna agus, dar ndóigh, sinn pulcaithe ar a chéile ar chuma ná féadfadh aoinne a mheas ná raibh riamh ar bórd luinge oilithreach. Na mogha a beirtar chun siubhail ó chósta na hAfraice, is mó de shlí a tugtar dóibh ná do na himircigh mhí-ádhmharacha a ghluaisigheann ó Éirinn go hAmerica; óir tá an tsainnt chómh mór san ins na captaeiní atá ag gabháil do'n chinéal san tráchtála gur beag leo pé méid daoine is féidir leo a shacadh isteach 'na gcuid long, agus ní chuirid de bhuairt ortha féin de ghnáth, i dtaobh cúnláiste agus córú na ndaoine, ach mar bheadh ortha dá mba last d'aon tsaghas drongán a bheadh ar bórd aca. Thugas iarracht gur éirigh go cuibheasach leis, bíodh ná raibh sé gan locht, chun saghas maoirseachta a chur ar bun d'fhonn go mbeadh glanachar 'na measc. Ní foláir nó is folláin thar meon é aer na fairrge óir dá mbeadh an uimhir chéadna bhíomar ann de thruagháin connlaithe le 'chéile san gcumhangracht chéadna i dtír, agus an oiread céadna de neamhchúnláiste de'n uile shaghas 'nár dtimcheall, bhéarfadh an bás dhá dtrian dínn leis sula mbeadh an tréimhse caithte thugamar ar an iomramh úd. Ach fé mar bhí, d'aindeoin gach cúrsa, ní raibh aon mhíoshláinte mhór 'nár measc. Cailleadh duine amháin orainn, bean. Do bhí roinnt daoine breoite againn, agus ó thárlaidh go raibh cóifrín leighis agus oideas scríobhtha le n-a chois agam, a bhronn Séamas Mac Dómhnaill i mBéal Feirste orm mar chomaoin cáirdeasa, do ghabhas orm bheith im dhochtúir. Do cheapas oideasaí leighis agus dheineas dáil d'á réir ortha, agus bhí sé de shásamh agam mo chuid othar go léir a chuir i dtír go saor, sabhálta. Toisc gur roinneamar go rabairneach an

fuigheall d'earraí stóir a bhí go flúirseach againn, agus go mórmór ó thugamar fíon agus lionn dubh d'othair agus do sheandaoine, is gearr go raibh gradam mór dúinn sa luing, agus is deimhin liom ná raibh aon ní i gcumas ár gcompáirtithe taistil a dhéanfadh compórd ná áis dúinn-ne ná fulaingeochaidís ar ár son ach a iarraidh ortha. Do ghaibh triocha lá tharainn ar ár gcúrsa gan aon ní do thuitim amach ach gnáithnithe, mar atá: scol de mhuca mara d'fheicsint uair, míol draide uair eile nó gasra deilfeach nó péacóga mara nó, uair nó dhó, míol mór. Is fíor gur stadadh sinn nuair a bhíomar tuairim seachtaine ar muir ag an *William Pitt* leis an gCualacht Indiathach, a bhí ag filleadh do'n Eoraip i dteannta tuairim fiche long eile, fé chaomhnadh ag a ceathair nó a cúig d'árthacha cogaidh ach ar scrúdú ár gcuid páipéar dóibh leigeadar dúinn triall rómhainn.

Fé dheireadh timcheall an 20adh lá de mhí Iúil, tamall tar éis na bainnc ag Talamh an Éisc a chur dinn do stad trí frigéid Sasanacha sin; an *Téitis* fé'n gCaptaen, an Tighearna Ó Corcoráin; an *Hussar* fé'n gCaptaen Rose, agus an *Esperance* fé'n gCaptaen Wood. Do ghabhadar ar bórd chugainn agus tar éis droichíde maslúil a thabhairt orainn, idir oifigigh agus mairnéalaigh, dheineadar preasáil ar gach duine dár gcuid fear ach duine amháin, agus ar chaoga duine de'n lucht mí-ádhmharach cómhthaistil a bhí faram, agus gur ag teicheadh go hAmerica a bhí a n-urmhór san d'iarraidh tíorántacht droichrialtais san mbaile do sheachaint, agus do gabhadh gan coinne mar sin iad fé'n ngné tíorántachta is anacraighe, nó ceann aca ar a luighead, d'á bhfuil ar bith. Ó ná raibh d'á chaitheamh agam ach seicéad agus triubhas d' órduigh duine aca dhom dul san mbád beag mar le duine d'oirfeadh chun fónamh do'n Rí; agus is é ologón mo mhná agus mo dheirféar fé ndeara dho éirghe asam. Ba dheas ar fad an chríoch ar m'eachtra-sa é dá ndeintaí preasáil orm agus mé a chur ar bórd i n-árthach cogaidh. Níor dhearmhadas ó shin, agus ní leigfead go bráth i ndearmad é, an maslú thugadar ní hamháin dom féin ach do na haindeiseoirí bochta bhí im theannta go raibh suim agam ionnta toisc an donas céadna a bheith ar ár dtí. Ar deireadh, tar éis moill dhá lá a chur orainn, agus le n-a linn sinn an t-árthach a chuardach againn fiche uair, ar a luighead, scaoileadar chun siubhail sinn.

Ar an 30adh lá de mhí Iúil do shroicheamar Ceann Henlopen, an 31adh lá do ghabhamar suas an Delaware agus Lá Lughnasa chuamar slán i dtír ag Wilmington, gan duine againn, buidheachas

le Dia, a bheith uair a chluig breoite ar an eachtra ná fiú breoiteacht fhairrge féin a theacht orainn.

Níl 'fhios ag aoinne ach ag an dream go raibh a mná agus a leanbhaí, agus gach ní is annsa leo, ar fairrge ar feadh a seacht nó a hocht de sheachtainí i mbaoghal na gaoithe agus na dtonn, cad é an racht áthais a tháinig orm nuair a chonnac mo chéile agus ár mbáibíní beaga ar thalamh tirm arís go slán, folláin. Do chuireamar fúinn ag an tabhairne ba mhó bhí san áit, ag Éireannach, an Captaen Branach Ó Flainn (dar liom) mar, a bhfuil de thabhairní i nAmerica, is le major nó captaen den mhilitia nó de'n arm tíriúil iad. I gcionn beagán laethe bhí ár neart agus ár meanma thar n-ais againn agus dearmhad iomlán déanta ar thuirse an aistir.

An fhaid a bhíomar i Wilmington chuireamar aithne ann ar dhuine gur mhaith an áis agus gur mhór an taithneamh dúinn é, an General Humpton, seanoifigeach de'n arm tíriúil. Sasanach dob eadh é a rugadh i Yorkshire, agus a bhí 'na mhajor san 25adh cipe, ach nuair a thosnuigh an cogadh i nAmerica d'éirigh sé as a phost airm agus thug sé tairgsint seirbhíse do'n Chómhdháil. Tugadh cipe láithreach do agus d'éirigh sé i ndiaidh a chéile go dtí an gradam atá anois aige. Seanduine breágh folláin téagartha dob eadh é, tuairim seachtmhó bliain, saighdiúir agus duine uasal cruthanta agus d'éirigh sé ancheanúil orainn agus sinn-ne air-sin. Ar aistriú dhúinn go Philadelphia sholáthruigh sé lóistín dúinn fara duine d'á lucht aitheantais agus dhein gach mintseirbhís agus áis dúinn ba ghábhadh do stróinséaraithe dár leithéidí, rud gur lean de go deimhin ar feadh an tréimhse uile a chaitheas-sa i nAmerica, agus níl amhras agam nach é an scéal céadna ó shin é. Braithim mé féin, go dúthrachtach agus go buidheach, fé chomaoin mhóir ag an seadaire fiúntach úd as ucht a chineáltais.

Láithreach tar éis Philadelphia a shroichsint, sé sin timcheall an 7adh nó an 8adh lá de Lúghnas, d'aimsigheas mo sheanchara agus mo chómhbhráthair díbearthaigh, an Dr. Mac Rághnaill, agus thaidhsigh sé dhom go raibh sé an-chompórdach, rud a thaithnigh liom. Do chuir seisean i n-úil dom go raibh Hamilton Ó Ruadháin tagaithe sé seachtaine rómham, ó'n bhFrainnc, agus an tráthnóna céadna san bhuail an triúr againn le 'chéile. Dob aisteach an teagmháil é agus ba gheall le míorbhailt linn conus mar chuaidh gach n-aon againn saor ó bhás náireach d'fhagháil. D'innseamar ár n-imeachta d'á chéile ó'n uair deireannach a labhramar le 'chéile i bpríosún Newgate i mBaile Átha Cliath cheithre mí déag roimhe

sin. Ní raibh aon ní ró iongantach i n-imeachta an Rághnallaigh. Do gabhadh an Ruadhánach agus do cuireadh i gcarcair é díreach ar theacht i dtír do i n-aice Bhrest, ach d'fhuascail fear óg de mhuinntir Shúilleabháin, Éireannach a bhí i seirbhís na Poblachta, as san é agus chuir an *Prieur de la Marne*, an Teachta Tosca, go dtí Paris é chun Coiste an Leasa Phoiblidhe. Ar theacht ann do tháinig fiabhras róbhaoghalach air agus is ar éigean a mhair sé 'na dhiaidh. Tar éis téarnódha, agus le linn do bheith tinn, thug Rialtas na Frainnce iostas do. Do chuir sé isteach roinnt mheamram ar chúrsaí na hÉireann agus ó'n bhfáilte a cuireadh roimhe ní raibh sé gan dóchas go n-éireochadh leis. Ach láithreach 'na dhiaidh sin tháinig an 9adh lá 'Thermidor ba mhór trácht, tuitim Robespierre agus scaipeadh Coiste an Leasa Phoiblidhe. An claochlódh iomlán a dhein san ar pholaitidheacht na Frainnce, agus gach duine a bheith feasta go dícheallach ar a shon féin ag faireadh ar an baoghal a sheachaint a bhíodh ar a thí b'in é an fáth fár tugadh faillighe le linn an rírá san Ruadhánach agus san ngnó bhí beartaithe aige. Mar sin tar éis roinnt míos a chaitheamh, agus ná feacaidh sé go bhféadfadh sé aon ghnó a chur i gcrích, ghéill sé do shireadh a mhuinntire agus a charad agus do ghluais chun fairrge ó Havre go New York. Do shroich sé an áit sin i lár an Mheithimh, 1795, tar éis iomramh leadránach aon tseachtain déag a chur de.

Ní gábhadh a chur síos arís na himeachta bhain dom féin agus a innseas dóibh go hiomlán, i dteannta gach ní a bhain le cúrsaí polaitidheachta i nÉirinn, agus ní haon iongnadh é go rabhadar go fiosrach agus go himnidheach thar meon 'na thaobh san. Do chromas ar innsint annsan dóibh cad a bhí beartaithe agam agus go rabhas chun dul lá ar n-a mháireach go dtí taidhleoir na Frainnce le pé teastasaí creidiúna a thugas liom, mar bhíodar. Dob'in iad an dá rún buidheachais ó na Catoilicigh, agus teastas mo ghlacaithe ar óglaigh Bhéal Feirste, a bhí grafaithe ar phár fé shighniúchán an Chathaoirligh agus na rúnaithe; agus dubhart leo go n-ainmneochainn iad araon mar fhínéithe ar m'fhírinnighe dá mbeadh aon éigcreideamh ag an taidhleoir ionnam. Do thairg an Ruadhánach dul im theannta agus mé chur i n-aithne do'n taidhleoir, an Cathardhach Adet, ab aithnid do i bParis; ach dubhart-sa, ó bhí lucht feadhma thar áireamh ag Sasana i bhPhiladelphia go raibh, ní foláir, faireadh d'á dhéanamh air agus d'á bhrí sin d'á bhfeictaí ag dul im theannta-sa é chun Adet go mba mhiste a ghnóthaí i nÉirinn é. D'á bhrí sin níor ghlacas le n-a thairgsint ach d'iarras air leitir

aitheantais a thabhairt dom agus fuaireas uaidh í. Lá ar n-a mháireach chuas ag triall ar an taidhleoir agus chuir súd fáilte deighbhéasach rómham. Do bhí a chuid Béarla san go han-olc agus mo chuid Frainncis-se i bhfad níba mheasa, ach mar sin féin dheineamar beartú éigin ar a chéile a thuigsint. Do léigh sé mo chuid teastasaí, agus leitir an Ruadhánaigh, agus d'iarr sé orm a scríobhadh i bhfuirm meamraim gach ní d'á raibh le rádh agam i dtaobh na hÉireann. Do dheineas d'á réir sin i rith dhá lá nó trí, bíodh gur le duadh é de dheascaibh an bhrothail loiscithe bhí ann, ar malairt seachas mar bhí ar taithighe riamh agam-sa, an teasmheádh ag dul ó chéim a naocha go dtí naocha a seacht. Fé dheireadh, ámh, chríochnuigheas mo mheamram, fé mar bhí sé, agus thugas go dtí Adet é, agus thairgigheas do, san am gcéadna, dá mba dhóigh leis go gcuirfeadh sé an gnó chun cinn, go n-imeochainn ar an gcéad luing a bheadh ag dul do'n Fhrainnc; ach, tré chúis éigin, níor thaidhsigh an taidhleoir dom gur thaithnigh san go ró mhaith leis agus sheachain sé an tairgsint a bhí tugtha agam, is bhí ag cur i gcuimhne dhom an baoghal mór a bheadh ann de bhrí go stadadh na Sasanaigh, agus go mbeiridís leo go dtí n-a mbailte cuain féin, gach long Americánach, ba chuma cad é, a bhíodh ag dul do'n Fhrainnc. Dubhairt sé liom, ámh, go bhféadfainn a bheith deimhnitheach de go gcuirfaí mo mheamram go dtí Rialtas na Frainnce agus a mholadh láidir féin 'na theannta, agus gheall sé, leis, scríobhadh d'aon toisc d'á iarraidh go scaoilfaí mo dheartháir Maitiú a bhí an uair sin i gcarcair i nGuise; agus fuaireas fios ó shin gur chóimhlíon gach geallúint díobh san go friochnamhach.

Do bhí mo choinnsias annsan sásta i dtaobh cóimhlíonadh mo dhualgais dom thír agus chuir sé brón díochra doimhin im aigne nuair a chonnac nár chosúil go mbeadh puinn toradh ar an iarracht deireannach san agam. Do bhí dóigh, ar éigean, ann, ach ní mór an dóchas a bhí agam-sa as, go gcuirfeadh Rialtas na Frainnce spéis im mheamram-sa. Muna ndeinidís b'in deireadh le gach ní go rabhas-sa ag súil leis.

Thugas iarracht annsan ar m'aiste féin a bhreithniú ach níorbh aon mhaith é. D'aistrigheas mo líontighe ar dtúis go Westchester agus annsan go Downingstown. I stát Pennsylvania iad araon, tuairim triocha míle ó Philadelphia. Do thosnuigheas ag cuardach d'áitreabh beag d'oirfeadh do'n chiste creachta a bhí an uair sin agam, mar bhí an costas ós meon a bhain le cómhnaidhe i bhPhiladelphia—é trí huaire chómh daor le Paris nó Lonndain—ag déanamh

bearnan go róléir ann. D'fhágainn annsúd iad i gcómharsanacht ár gcarad, an Taoiseach Humpton, do lean de shíor d'á chineáltas agus d'á chúram ar ár son, agus thugainn a lán turas de chois agus ar an gcóiste taistil ar lorg feirme. Do thaithnigh suidheamh Phrinceton i New Jersey go mór liom ar a lán fáthanna agus chinneas, dá mb'fhéidir é, cur fúm san gceanntar san. Do réidhtigheas d'á bhrí sin le feirmeoir Duitseach go gceannóchainn áitreabh céad acra go raibh teach beag adhmaid ann ar £750 d'airgead na tíre sin. Ach diúlach sainntiúil ab eadh é agus nuair a bhí gach rud, dar liom, réidhtithe chúb sé chuige agus bhí d'iarraidh a thuille d'fháscadh asam-sa. Do bhriseas an margadh tré fheirg leis, agus bhí aithreachas ag teacht air ach d'fhanas-sa ceanntréan. Ar deireadh do réidhtigheas le captaen dárbh ainm Leonard i dtaobh áitribh 180 acra agus a leath fé chrannaibh a bhí suidhte go hálainn i ngoireacht dhá mhíle do Phrinceton. Do bheadh orm £1,180 d'íoc agus is é mo thuairim gurbh fhiú an t-airgead é. D'aistrigheas, d'á bhrí sin, mo mhuirghin go Princeton mar ar thógas teach beag i gcómhair an gheimhridh. Do dheineas é ghléasadh go slachtmhar fé bheagán troscáin. Do chuireas mo sheomra staidéir i gcómhair agus bhíos 'ghá cheapadh gurbh é bhí i ndán dom bheith im fheirmeoir Americánach.

Ar an aigne sin dom ar feadh tamaill ag feitheamh leis an dligheadóir a bhí fachta agam chun na dintiúirí a tharrang agus mé 'ghá cheapadh an t-earrach a bhí chugam go n-aistreochainn go dtí an áit a bhí ceannaithe agam chun tosnú ar fheirmeoireacht fé dheoidh, nuair a múscluigheadh lá mé as mo shuan le leitreacha a fuaireas ó Mhac Eochaidh is an Ruiséallach is an bheirt Simmsach, 'nar léirigheadar dom, tar éis a mórghradam dúthrachtach dom féin a chur i n-úil, go raibh aigne an phobal i nÉirinn ag druidim chun poblachtais níos éascaidhe ná mar cheapfainn-se choidhche a bheadh; agus 'ghá thathant orm chómh dian agus dob fhéidir an gheallúint a thugas dóibh le linn gluaiste dhom a chóimhlíonadh agus iarracht bháis agus bheathadh a thabhairt ar Rialtas na Frainnce a bhaint amach, cóir-máir, chun cabhair d'iarraidh ortha. I ndeireadh na leitre, a bhí lán de cháirdeas agus de chion, ó'n Simmsach, dubhairt sé liom tarrang ar £200 airgid d'á chuid féin agus go n-íocfaí mo bhille gan mhoill. D'á mhéid é mh'aithne ar an duine, chuir flaithiúlacht na tairgsiona san iongnadh orm. Do shíneas an leitir láithreach chun mo mhná agus mo dheirféar agus d'fhiafruigheas cad é a dtuairim, bíodh gurbh eol dom roimh ré

go mb'é rud a déarfaidís liom ná gluaiseacht láithreach chun na Frainnce dá mbeadh fagháil agam air. Mo bhainchéile go mórmór, nár leig do'n chruadhtan go raibh sí gabhtha tríd aon lagú dhéanamh ar a misneach ná ar a dúthracht ar mhaithe lem chlú is lem mhaitheas-sa, chuir sí d'impidhe orm gan leigean d'á leas-san ná leas ár gclainne teacht idir mé ar feadh aga aon nóimite agus cóimhlíonadh mo gheallúintí dom cháirde, agus mo dhualgais dom thír, agus adubhairt go mbeadh sí féin freagarthach san líontighe an fhaid a bheinn amuich, agus gur dheimhin léi an Dia céadna a thug slán go míorbhailteach sinn go nuige sin ná tréigfeadh Sé anois sinn. Do chabhruigh mo dheirfiúr léi san impidhe sin agus, dar ndóigh, ní mór an tathant a theastuigh uaim-se chun a thabhairt orm iarracht eile a dhéanamh do'n chúis go raibh mo dhúthracht d'á chaitheamh chómh fada san léi.

Do ghluaisigheas, d'á bhrí sin, maidin an lae ar n-a mháireach (tuairim deireadh Samhna bhí an uair sin ann) go Philadelphia agus ar shroichsint ann dom chuas láithreach chun Adet agus thaisbeánas do na leitreacha bhí díreach fachta agam agus luadhas an Ruadhánach, a bhí le n-a linn sin sa chathair, mar fhínéidh dho i dtaobh clú na ndaoine a scríobh iad. Do bhí sé de shásamh agam, agus gan coinne agam leis, go bhfuaireas Adet chómh fonnmhar chun an rud a bhí beartaithe a chur chun cinn, agus a chongnamh a thabhairt leis, agus a thaidhsigh sé, dhómh-sa pé scéal é, bheith patfhuar nuair a chonnaic cheana é san Lúghnas. Dubhairt sé liom láithreach go dtiubhradh sé leitreacha dom le breith go dtí Rialtas na Frainnce, am mholadh dhóibh gan aon scoth, agus, 'na theannta san, airgead i gcómhair chostaisí má ba ghábhadh. Do ghabhas mo bhuidheachas go dil leis i dtaobh na leitreach, ach dhiúltuigheas d'aon chongnamh airgid a ghlacadh. Ar bheith do'n méid sin dem dheacraí curtha dhíom agam, scríobhas go dtí mo dhearthháir Artúr, a bhí ag Princeton, d'iarraidh air teacht chugam láithreach agus dheineas é ghléasadh gan mhoill chun dul ar fairrge. Tar éis a fhios a thabhairt do go rabhas beartaithe ar dhul thar lear do'n Fhrainnc san gcéad árthach a bheadh ag imeacht, d'órduigheas do an méid sin a chur i n-úil, chómh luath agus shroichfeadh sé Éire, do Mhac Néighill is an Simmsach is an Ruiséallach i mBéal Feirste, agus do Mhac Eochaidh is Mac Cormaic amháin i mBaile Átha Cliath. Dubhart leis a rádh le gach n-aon eile, agus go mórmór lem athair agus lem mháthair, go raibh feirm ceannaithe agam ag Princeton agus go raibh curtha agam fúm ann. Nuair a bhí gach

scéal tugtha agam do, chuireas é ar bórd an *Susanna* fé'n gCaptaen Baird, ag seoladh chun Béal Feirste agus ar an 10adh lá de mhí na Nodlag, 1795, do sheol sé ó Philadelphia agus is dóigh go ndeaghaidh slán, ach ní fhuaireas-sa, fós, caoi ar aon scéala d'fhagháil 'na thaobh. Nuair a bhí sé curtha chun siubhail agam chuireas mo chúraimí féin i dtreo gan mhoill. Do tharraingigheas £200 de chuid Shimms do réir mar dubhairt 'na leitir. Do chuireas £150 de sin i leith mo thurais. Do sholáthruigh mo chara Mac Rághnaill ag an mbannc Louis d'ór dom ar luach £100 d'airgead geal. Do mhalartuigheas gach maoin eile d'á raibh agam ar stoc bainnc agus chuireas m'ainm le cómhacht choitchionn atúrnae dom mhnaoi agus chuas ar deireadh thiar chun Adet a thug leitir rúinscríbhne dhom chun an Chomité de Salut Public, an t-aon leitir chreidiúnais amháin a chinneas a bhreith liom go dtí an Fhrainnc. Do chaitheas lá amháin i bhPhiladelphia fara Mac Rághnaill is an Ruadhánach is mo sheanchara agus mo chómhfhulaingtheach Séamas Napper Tandy, a bhí tagaithe go deireannach tar éis bheith abhfad fé cheilt agus tar éi a lán fiúntar a chur de. Fé dheireadh, le linn na hoidhche ar a 13adh lá de mhí na Nodlag shroicheas Princeton mar a dtáin an Ruadhánach am thionnlacan. Thugas liom roinnt bhea bhronntanaisí dom mhnaoi agus d'ár naoidhneáin bheaga cumainn.

Do chaitheamar béile i dteannta 'chéile an oidhche sin fé mhóirmhisneach. D'imigh an Ruadhánach go luath 'na dhiaidh sin agus d'fhanas féin is mo bhean is mo dheirfiúr 'nár suidhe go deireannach agus an saghas cómhrádh bhríomhar dhíoghraiseach ar siubhal againn ba dhual do'n mheon a bhí ionnainn agus do'n ghnó go rabhas ar tí dul 'na chionn. Thug an misneach agus an daingne a bhí ins na mnáibh cabhair mhór dom, agus dóibh féin, leis, thar mar bhí súil agam; ní raibh deora ná ologón againn, ach ar a chonntrárthacht san, bhí an dóchas dob aoirde agus an rúinintinn ba dhaingne. Fé dheireadh, ar a ceathair a chlog maidin lae ar n-a mháireach, rugas an bharróg dheireannach ortha araon agus do scaramar fé neamhchorraitheacht a chuir iongnadh mór orm. Ar an 16adh lá de mí na Nodlag do bhaineas New York amach agus réidhtigheas mo phasáiste anonn ar bórd na luinge *Jersey*, fe'n gCaptaen Seoirse Barons. D'fhanas i New York ar feadh deich lá agus ar feadh na tréimhse sin do scríobhainn i gcómhnaidhe chun mo líntighe, agus lá nó dhó sul ar sheolas fuaireas leitir óm mhnaoi 'ghá innsint dom í bheith torrach, ní do cheil sí orm go dtí sin, ar eagla dar liom go ndéanfadh sé mé a chur ó'n rud a bhí beartaithe

agam a dhéanamh. Lá Coille, 1796, do sheolas ó Sandy Hook i dteannta naonbhair cómhthaistealach ag tarrang ar Havre de Grace. Mí díreach a bhain an turas dínn agus urmhór na haimsire bhí uain trom séideánach ann. Cúig uaire b'éigean dúinn crochadh san ngaoith fé sheol taca deiridh crapchiorraithe, ach bhí an long go foirtil teann, bhí ár ndóthain lóin againn is fíon is brannda, agus rud ba mhó agam-sa nuair ba chuimhin liom m'iomramh deireannach—uisce fónta, i dtreo ná raibh fáth míoshásaimh ar bith agam leis an turas anonn. Níor bhuail oiread agus aon long amháin chogaidh linn, Franncach ná Sasanach. Do ghabhamar thar trí nó ceathair de longa ó America agus a n-urmhór ag tarrang ar ár nós féin do'n Fhrainnc. Ar an 27adh lá bhíomar i raon uigthe cúig bhfeadh ochtmhód, ar an 28adh lá bhaineamar an Lizard amach agus fé dheireadh, lá 'le Brighde, chuamar slán i dtír ag Havre de Grace gan an óspairt ba lúgha do bhaint dúinn ar feadh ár dturais. Tá m'imeachta ó'n lá san amach curtha síos go hiomlán san dialainn atá d'á scríobhadh go neamhfhaillightheach agam ó shroicheas an Fhrainnc.

XVII

TEACHT WOLFE TONE SAN bhFRAINNC

1796—Feabhra 2 go Feabhra 16

Havre de Grace. "Ganntan bidh." Aisighnaití. An Coméide. Ar an mbóthar go Paris. *Cruth na tíre agus na tuaithe. "Milords Anglais"! Teacht go* Paris. *Dinnéar san Maison Égalité. Ag an Opera—Iphigénie. An* ballet. *Cuaird ar Thaidhleoir America i* bParis *agus ar Charles de la Croix. Deallramh na saighdiúirí, agus folachadh ciabh na mban bhFranncach.*

Feabhra 2, 1796.—Thána i dtír indé ag Havre de Grace tar éis turas ainmhín geimhridh, triocha lá d'fhaid, a chur díom. Cuma gránna salach ar an mbaile, roinnt de thighthe fónta i gcúilbhealaigh i n-áit nach féidir iad d'fheicsint. Do chuireas fúm ag an Hôtel de Paix, gurbh ainm uair do an Hôtel de l'Intendant, ach atá tagaithe mar seo anuas sa tsaoghal de dheascaibh na Réabhlóide. "*My landlord is civil but dear as the devil.*" Do chodluigheas araer ar leabaidh álainn de dhamasc cróidhearg tar éis a bheith mí gan mo chuid éadaigh a bhaint díom.

Feabhra 3.—D'éirigheas go doich; bricfeast deacair a fhagháil ach fuaireas fé dheireadh é, caifé ar fheabhas agus arán an-gharbh ruadh; ach is maith mar thárlaidh, taithnigheann arán ruadh liom. Do bhuaileas amach "go bhfeicinn 'na leomhain," ach ní raibh ceann le feicsint. Aifreann d'á léigheadh san eaglais; cuid mhór daoine do láthair, mórmór mná, chuas i gcuid mhaith tighthe caifé; caifé go flúirseach, ach gan aon pháipéir nuachta. Dhá thigh caifé *gan aon arán*, ach pastry; aisteach go leor. Dinnéar, agus, ar mhaithe le lucht fiosraidheachta, ag so síos an chóir bhiadhta, rud a chuirfidh i n-úil go soiléir go bhfuil an Fhrainnc i ndálaibh gortan. Anbhruithe ar fheabhas; mias éisc, agus é úr ó'n bhfairrge; ceathrú tosaigh d'fheoil sochaithmhe mionchaorach mar atá ag Breathnaigh; cearc Fhranncach álainn agus peidhre de lachain róstaithe; pastry; cáis agus torthaí tar éis dinnéir, agus fíon *ad libitum*, ach an *pain bis* ar feadh na haimsire gan teip; mé míchéadfadhach le Franncaigh a bhí ag tormas i dtaobh an aráin, agus cheapas nath

cainnte : *Vive le pain bis et la liberté.* Do dhearmhadas na glasraí, ach bhíodar ar fheabhas. Do thaithnigh liom oiread sin de chómharthaí deimhnitheacha d'fheicsint ar ghorta.

Do chuas chuig an gComéide san tráthnóna, amharclann deas ann agus fuireann aisteoirí a bhí cuibheasach ; fiche duine le hoirfideadh ; an teach lán ; cuid mhaith oifigeach, cleithirí breághtha ; na seallaigh chómh meidhréiseach agus dá mba ná beadh cogadh ná arán ruadh ar an saoghal. Suipéar díreach mar bhí an dinnéar, fíon leis, ⁊rl.

N.B.—Cúrsaí airgid. Is fiú 5,000 livre an louis, nó 200 oiread a luacha i n-aisighnaití ; agus an píosa sé bhfrannc d'á réir sin. 'Sé mo bhille *per diem*, ar an gcothú san atá luaidhte agam thuas, ná sé frainc (cúig scillinge), agus mo leabaidh bhreágh de dhamasc chróidhearg 20 sol, nó 10 bpingne ; caifé ar maidin, 12 shol, nó réal ; ionnus go bhfuilim ag dul do'n ghorta ar an gcuma atá ráidhte agam ar 6s. 4d. sa ló de mhórchostas ; ochón ! och ! D'íocas as an suidheachán a bhí san amharclainn agam láimh le bosca an Mhunicipalité 80 livre i n-aisighnaití, nó tuairim cheithre bpingne airgid. Cuimhnigh gur san tigh ósta i mó i Havre atáim ar lóistín agus níl amhras agam ná go bhféadfainn mairiúint, b'fhéidir, ar a leath ach dul i n-atharrach áite ; ach do'n phláig le bainistighe !

Feabhra 4.—Meallabhradaidhe san tigh ósta, maith leis cluain a bhualadh orm, teastuigheann uaidh an turas go Paris a dhéanamh im theannta ; deir sé gur Americánach é agus tugann Captaen orm-sa, is deimhin leis go bhfeacaidh sé i n-áit éigin me. Deirim leis gur san Spáin gan amhras. "*A close man, but warm*" ; ní dhéanfaidh an gnó. Do chuir sé a chluanaireacht i bhfeidhm ar sheanFhranncach agus, dar fia ! do bhain tuairim giní dhe le cleas. Fuair an Franncach eolas an chleasa, agus do bhí i bhfeirg mhóir, agus do bhí ar tí an *t-aventurier* a phleanncadh, agus bhí air-sin íoc ar ais. B'é sin 'chéad eachtra bhain dúinn. Níorbh aon Americánach mo dhuine muinnteardha, rud ba léir go luath dhom ; óir "*There is no halting before cripples,*" a ndubhairt Poor Richard.

Feabhra 5.—Socrú nua le fear an ósta ; 5s. san ló atá anois le híoc ar gach ní fiú an leabaidh de dhamasc chróidhearg ; bhuaileas amach ; saighdiúir gach treas duine, nó cuid éigin de chulaith airm air. Tráthnóna chuig an gcoméide, *Blaise* agus *Babet* agus *Rigueurs du Cloître*, píosa i dtaobh na Réabhlóide ; mórbhualadh bas ann agus iomrádh onóra. Do thuigfinn conus a cuirfaí fáilte roimh an bpíosa deiridh, ach tá an gradam céadna do'n chéad cheann bíodh

gur scéal an-shimplidhe go léir atá ann. Beirt i ngrádh go n-éirigheann eatartha i dtaobh bláth cúmhra agus ribín, agus tar éis bheith i gcallóid le 'chéile ar feadh dhá ghníomh de'n dráma deinid muinnteardhas arís agus pósaid. Tá na tuairimí agus an ceol go deas agus tréithe a bhain le haodhaireacht ann, ach is é atá ag dul thar mo thuigsint conus a ghabhann an corruighe, dar liom, a dhein an píosa san, fé mar chuireas síos air, ar aigne an lucht seallaidh, leis an gcáil fuiltigh, fíochmhair adeirtar atá ins na Franncaigh.

Feabhra a 6.—Is an-ghreannmhar é ach tá tugtha fé ndeara agam ar chuid mhaith ócáidí gur mó an col a bhíonn le hairgead bán a ghlacadh ná le hairgead páipéir. Tá airgead feicithe agam d'á dhiúltadh agus aisighnaití d'á nglacadh go héascaidh. Rud iongantach é sin ná tuigim, go mórmór nuair áirmhightar an forluigheadú luacha. Fé amhras iseadh glactar le hairgead bán na Poblachta. Do chuaidh sé 'na gceann ag daoine go bhfuil sé truaillithe ach má tá féin is dearbh gur mó is fiú é ná giota páipéir. Is amhlaidh é, ámh, gur mó atá aisighnaití ar gluaiseacht.

Ag an gCoiméide arís. Gabhtar duan an Marseillaise gach oidhche agus bíonn mórbhualadh bas fé'n bhéarsa "*Tremblez Tyrans.*" Iomchruighid na fir óga iad féin go deighbhéasach agus go ceart munab ionann agus an t-iomchur círéibeach meiscidh a chonnac i dtíortha eile. Na mná go mísciamhach agus cinnbhearta rí-aisteacha ar chuid aca. An suipéar thar barr, mar is gnáthach ; na seirbhísigh ag an tigh ósta go séimh agus go dúthrachtach agus go humhall, agus is maith liom cur síos air sin mar gur minic mé am chiapadh ag daoithe d'á áiteamh i n-aghaidh na saoirse agus an chóimhionannais go millfidís gach gné umhlaidheachta. Ní fhuaireas freastal riamh níos ómósaighe ná tugadh annso dhom, ná cothú níos fearr, agus é sin go léir ar chúig scillinge san ló.

Feabhra 7, *Dia Domhnaigh.*—Do bhí fonn orm a fheicsint conus a comórfaí an lá so san bhFrainnc. Ní dóigh liom go raibh aoinne ag obair agus bhí siopaí leathoscailte, leithiadhta fé mar chonnac iad ar laethe saoire i dtíortaibh eile. Gach duine ag siubhal na sráide. Do cailleadh long ó Bhoston araer i ngoireacht fiche slat de'n duga, agus báthadh bean bhocht mhí-ádhmharach de'n Fhrainnc, agus beirt leanbh. Do bhí teichte aici go hAmerica go luath le linn na Réabhlóide agus bhí sí anois ag filleadh ar a fear nuair a chuaidh rudaí chun suaimhnis. Do bhí fagháil ar í féin, b'fhéidir, a shaoradh, ach b'fhearr léi an bás ná na leanbhaí d'fhágaint 'na diaidh. Is ró-uathbhásach é cuimhneamh air. Ó'

a bháibíní dílse seo agam-sa, dá mbeadh bhúr ngéaga beaga sínte fé'n bhfairrge móir cad a dhéanfainn. Ach táthaoi slán, a bhuidhe le Dia! Ach caithimís uainn é mar scéal. Ag an gComéide arís: an teach lán ar fad toisc gur Domhnach é. Madam Rousselois an príomhamhránaidhe. Níl aon oidhre ach í ar Mhrs. Ó Cinnéide, atá tar éis bháis, 'na pearsain, 'na haois, agus 'na meon ach gur fearr d'aisteoir í go mór.

Feabhra 8.—Réidhteach i gcómhair Paris fé dheireadh. Tá cóiste fostaithe ag Americánach, ceann an-mhaith agus íocfaimíd-ne .i. D'Aucourt, mo chóimhleacaidhe taistil, agus mé féin, louis an duine as an ionad, agus dhá dtrian de'n chostas taistil, capaill puist, ⁊rl. Táimíd le gluaiseacht go luath Dia Céadaoin. Tá so an-chompórdach, agus is saoire agus is fearr é go mór ná aon chóiste poiblidhe. Tá ocht lá caithte anois agam ag feitheamh lem chompánach taistil agus, dála an scéil, is é 'iomad de'n aithne mhéaduigheann an tarcaisne' agam do súd é. Tá oiread éirghe anáirde ann agus bhí i Lucifer agus é chómh spriúnlaithe agus is féidir do'n tsainnt é dhéanamh. Chítar dom nach fada mhairfeam le 'chéile i bParis, ach ar dtúis beidh fírriachtanas agam leis. "*Damn it, and sink it, and rot it for me,*" ná labhraim Frainncis. "*Rues they call them here. Oh, that I had given that time to the tongues that I have spent in fencing and bear-baiting.*" 'Seadh, "*tis but in vain,*" ⁊rl. Le cabhair Dé, beidh an Fhrainncis ag mo gharsúin bheaga. Ag an gComéide um thráthnóna mar is gnáth.

Feabhra 9.—Tá buaidhte ag mo leannán an gleacaidhe sleamhain orainn; tá an ceathrú áit san gcóiste curtha i n-áirithe aige dho féin, i slí agus go mbeidh comaoin a chuideachtan againn go Paris. Is deimhin gur ar tí na bpócaí againn atá sé, ach tá súil agam go raghaidh de. Do scríobhas go dtí mo mhuinntir agus go dtí an Dr. Mac Rághnaill i bhPhiladelphia agus thugas na leitreacha do'n Chaptaen Barún. Mé tuirseach de Havre agus d'á shírionannas millteach; agus, toisc channcaracht D'Aucourt, de dheascaibh mhíoshláinte cuid de, ní ró shoilbhir an chuideachta ar fad é. Fuaireamar ár bpasa taistil; d'fhostuigheamar capaill, ⁊rl. Ní maith an fulang atá agam le bheith scartha lem líontighe, ach is dearbh nár mhaith liom iad a bheith anois san bhFrainnc. Má fhéadaim mo dhearthháir Maitiú d'aimsiú is fearr a bheidh an saoghal agam. P.P. bocht! Ní bhuailfidh choidhche arís liom compánach eile chómh séimh leis ar chóiste postthaistil. 'Seadh,

do'n donas leis an mbrón! Ach tá lagmhisneach go dona orm: "*Croaker is a rhyme for joker.*" "*Poor Dick!*"

An Coiméide mar is gnáth. Ráiméis dona anocht. Garsún cúig mblian déag i ngrádh agus pósta, a bhanaltra d'á chur i n-aithne d'á bhainchéile, a athair d'á chur fé ghlas 'na sheomra agus d'á scaoileadh amach chun go bpóstaí é. Ba chuibhe go mór do bheith ag greasadh caisil, nó ag imirt phúiríní; ach d'á aindeoin sin níor thaidhsigh do'n lucht seallaidh go raibh aon neimhoiriúint ann, cé go dtárlaidh go fonómhaideach ann gurbh í Madame Rousselois, bean bheathaithe i n-aois ceathrachad blian ba leannán grádha dho. Ádhbhar scige thar fóir ab eadh é, í féin agus an "*Amoureux de quinze ans*," d'fheicsint le n-a chéile, agus bheith ag éisteacht léi ag gabháil "*Lindor a su me plaire.* Dob fhurus í shásamh. Is maisiúla agus is fearr déanamh na héidí amharclainn aca ná aon chuid aca a chonnac i n-aon áit ach i Lonndain, agus iongantach san, de bhrí ná fuil annso ach baile beag cuain, agus iongantaighe fós é nuair a cuimhnightar ar tháille an dorais Ceapaim nach foláir nó cabhruigheann an Rialtas leo nó ní fhéadfaidís mairiúint ar an bhfaghháltas; má dheinid is gné eile é de'n chosúlacht meoin atá idir na Franncaigh agus na nAithnigh, agus is sofheicseanach é sin.

Feabhra 10.—Im' shuidhe ar a cúig. Togha cóiste agus líneáil de bhelbhet ghorm leis; chúig capaill, postillon Franncach agus cruth greannmhar thar fóir air—hata trí bhfeirc, dhá shop mhóra tuighe ceangailte ar a dhá cheathrúin agus peidhre árdbhuataisí chómh mór le dhá mheidir Americánacha. "*Their horses* (*chevauxes they call them*) *ben't quite so nimble as our'n.*" Siúd linn chun Paris. Husá. An tír 'na chlár chomhthrom agus tiughacht iongantach daoine ann; tighthe na dtuathanach leathta chómh dlúth agus dob fhéidir agus gnáthchuma ortha idir *cottage* Sasanach agus bothán nó cábán Éireannach; ach, bíodh gur measa an tigh, is fearr go fada an deallramh atá ar an ngiodán talmhan 'na thimcheall ná aon ní d'á bhfeaca i Sasana. Tá gach iostán suidhte ar lár ceirncheapaighe talmhan, go mbíonn acra b'fhéidir nó dhó ann; agus crainn curtha ann agus is dóigh gáirdín cistean, leis, ann. Is ollmhór an méid coille d'á bhrí sin atá scaipithe ar fuaid na tíre agus tá maisiúlacht mór ann; níl troigh de thalamh, dar liom, ná fuil fé churadóireacht agus dá chionn san ní bheidh aon ghorta, le congnamh Dé, i mbliana ann. Adeir D' Aucourt go mbíonn i mbliain fhónta trian thar a riachtanas féin

d'fhóghmhar san bhFrainnc. Níl cladhthacha i n-aon áit ach an tír ar fad oscailte ; agus muna mbeadh an méid sin, níl sé neamhchosúil le Yorkshire, atá dar liom-sa ar an gcuid is breághtha de Shasana ; abhallghort le gach tigh agus línte de chrainn ubhall gan bhearnadh ar feadh taobh na mbóithre. Cad chuige ná beadh sé amhlaidh i dtíortha eile ná fuil puinn idir an aoráid ionnta agus mar atá san Normainn ? Adhbhar machtnaimh é sin. An tír fós chómh comhthrom le faithche imeartha agus é chómh hinspéiseach agus is féidir do mhórán coille agus do churadóireacht thar barr é dhéanamh. Áthas orm arís agus arís eile ar mhachtnamh dom ar an bhfóghmhar flúirseach a bheidh ann i gcionn beagán míos. Gan srutháin, gan móinfhéir, ach é go léir curtha. Na bóithre thar barr. Teacht dúinn go Rouen dhá uair a chluig tar éis tuitim oidhche. Slí álainn isteach chun an bhaile tré bhealach uasal crann, do réir mar cheapas, "*for it was so dark, Hal, thou could'st not see thy hand.*" Cur fúm ag an Hótel d'Égalité.

Feabhra 11.—Chun siubhail ar a deich a chlog. Cnoc an-árd ós cionn Rouen agus an fánadh chómh géar ann gurbh éigean an bóthar a ghearradh ann i bhfiarthreasnáin. Ar bheith do dhuine ar barr is álainn an radharc féachaint thar n-ais ar feadh na Normainne, agus Rouen féd bhun thíos, agus abha na Séine ag camaghluaiseacht fé áilneacht tríd an tír. Aghaidh na tíre fé mar bhí sé indé ach ná fuil na tighthe beaga chómh scaipthe ach iad cruinnithe i mbailte beaga tuaithe ; cuma shuarach ortha agus iad i bhfad níos measa ar gach slí. Is mór an mhaise na gurráin bheaga coille atá timcheall na n-iostán aonair agus foluighid gach míscéimh ; ach annso táid na tighte bailithe le 'chéile agus iad deargnocht ; ach mar sin féin is fearr go mór iad ná tighthe beaga go raibh taithighe agam ortha. Fírbheagán bailte móra ann agus cuma dhuairc ar an mbeagán san ; na bailte déantús i Sasana níos fearr agus nára slán comórtas. Fé'n dtuaith atá áilneacht na Frainnce. Ghabhamar thar cúpla *chateaux* nó trí, is fada ó chéile a leithéidí ; iad iadhta gan duine ionnta, agus a maighistrí ceachtar aca imithe fé'n ngoilltín nó ar an dtaobh dheis (i. an taobh tuathail) de'n Réan. Suidheamh mídheas i gcoitchinne ortha ; gan puinn slachta déanta timcheall ortha fé mar bhíonn i Sasanna ach iad tógtha lámh le bóthar agus baile beag suarach tuaithe ag gabháil leo, an t-ionad suarach cómhnaithe a bhí ag an lucht moghsaine fé'n réimheas feodach. Ach tá na nithe sin uile imithe gan filleadh choidhche ach oiread agus ná beidís riamh ann. Is léir dom ná

raibh éirim na n-uaisle bhFranncach i n-oiriúint do'n tuaith. I Sasana, dar liom, bheadh céad tighthe ag uaisle, san gcinéal céadna dúithche, i n-aghaidh an aon tighe atá annso. Gabháil dúinn thar gleann álainn go bhfuil sruthán, an chéad cheann dá bhfeaca, ag rith tríd, agus dul dúinn de dhruim chnuic eile a bhí nach mór chómh hárd leis an gceann ag Rouen. An t-áirdleirg fé churadóireacht mar luadhas cheana, sé sin gan leithead troighe de thalamh dhíomhaoin ann. Do baineadh geit asam; tréad mór caorach! Aidhe, caoirigh san bhFrainnc! Is dóigh gur snámh a dheineadar anall ó Shasana! Tréad eile—agus arís eile: "*They sear mine eyeballs.*" Ba bhreágh liom go mbeadh Seán Buidhe annso ar feadh aga aon uaire chun go bhfaghadh sé radharc ar na guirt chruithneachtan a chím-se ar thaobh na slí. Ní fhéadfaí curadóireacht níos déine a cheapadh. Ní fheaca dúthaigh arbhair i n-aon ghaobhar do i Sasana. Gan an bóthar indiu ach cuibheasach. Codladh dhúinn ag Magny.

Feabhra 12.—Clog dóighte de bhille i dtaobh suipéir, 7rl. Mé i bhfeirg rómhóir agus ba dhéinede é gan mé iniúil chun aghaidh bhéil a thabhairt san bhFrainncis. Gabhann luas cainnte le paiseon, ach maidir le bláthmhaire an aitheasca a scaoileas-sa fé fhear an ósta ní raibh ionnta ach saothar i n-aistear. Dá mba de dheascaibh ganntain a dhéanfaí an t-éileamh thar ceart so ní abróchainn focal leis, ach níl ann ach deargbhithiúntaidheacht. Ach, "'Tis but in vain," go dearbhtha deimhin. Gluaiseacht dúinn fé míghreann mhór, ach ní fada d'fhan ciach mo chreachta orm i bhfianaise an chuma shoilbhir a bhí ar an tír. An talamh fós comhthrom agus curadóireacht mhórthortha déanta air. Bricfeast ag Pontoise. An aigne shochma a bhí tagaithe thar n-ais fé'n am san dom do buairigheadh thar fóir arís é le bille eile. "*Landlords have flinty hearts; no tears can move them.*" Tá san againn de bharr bheith ag marcaigheacht i gcóistí breághtha agus líneáil bhelbhet ionnta! Tá *Milords Anglais* dáiríribh déanta aca dhínn agus is deimhin go bhfuilid ag baint íocaidheacht as na tidil dínn. Roinnt mhaith gort finiún, an chéad chuid d'á bhfeaca. Sreath gan bheárnadh d'arbhar, d'fhiniúna agus d'abhallghorta ar feadh raon do ruisc agus é saidhbhir *riant*. Is léir anois dom go bhféadfaidh Seán Buidhe an Fhrainnc a chur le gorta. *St. Denys*, an tigh nigheacháin do'n línéadach rí, é anois 'na phúdarlainn agus an pálás 'na árus do'n Ghendarmerie: eaglais agus an foirscríbhinn seo air—"*Le peuple Français reconnait l'Être Suprême,*

et l'immortalité de l'âme." *Groscaillon*—roinnt mhaith muilte gaoithe fé mar bheidís ag meilt arbhair, ach, dar ndóigh, níl aon rud le meilt aca : ach le cleasaidheacht d'fhonn dalladhmullóg a chur ar Sheán Buidhe macánta chun go gceapadh sé go bhfuil roinnt aráin fós san bhFrainnc. Radharc ar Pharis fé dheireadh. Husá ! Husá !

Tá turas céad go leith míle curtha agam díom san bhFrainnc agus ní dóigh liom go bhfeaca céad go leith acra gan cur, táid na habhallghorta féin fé arbhar. Do bhí gach muileann d'á bhfeaca go saotharach, agus gach chateau iadhta, gan eisceacht.

Paris.—Curtha fúm ag an *Hôtel des Etrangers, Rue Vivienne.* Teach álainn, ach dar liom cheana go bhfuil go diail costaiseach ; feistiú maisiúil, 7rl., ar an seomra atá agam ar an treas urlár. Caoga franc san mí atá air, agus mar sin d'á réir do thréimhse níos girre. Is saoire i bhfad é ná an Adelphí agus tighthe eile i Lonndain, ach d'á aindeoin sin uile ní fhanfad annso—caithfead dul ar lóistín príobháideach. Do chaitheas dinnéar ar a sé a chlog fara D'Aucourt ag tigh an *Restaurateur* san *Maison Égalité*, a bhí cheana 'na Phalais Royal, i ngoireacht caoga slat d'ár dtigh ósta. Tá an chóir bhiadhta i gcló agus méid bille amharclainne ann, agus fiacha gach ní curtha síos. Is náir liom oiread so trácht a dhéanamh ar bhiadh ach táim chómh cortha san de scéal na gortan san bhFrainnc gur gábhadh ar chuma tagairt a dhéanamh do. Do bhí mar dhinnéar againn anbhruithe, éanlaith friochta, carbanach friochta, dhá chinéal saláide, buidéal d'fhíon Bhurguinne, caifé tar éis dinnéir agus gloine de liqueur agus arán gan locht—(do dhearmhadas a rádh go bhfuaireamar cólais agus annlan) agus dob é bille an ruda go léir, fíon agus eile, ná luach míle go leith livre d'aisighnaití, agus do réir an ráta malairte atá do láthair ann (ionann Louis agus 6,500 livre) is sin go cruinn ceithre scillinge agus seacht agus deachú pingne d'airgead. Cad é ná tiubhrainn ar P.P. a bheith faram ! Is dearbh go dtiubhraimís fé bhuidéal eile de'n fhíon Burguinne nó, dar a leabhar-sa ; a dó nó a trí. "*The rogue has given me medicines to make me love him. Yes, I have drank medicines.*" B'fhearr liom ná an saoghal ár gcóir bhiadhta a bheith ar crochadh ar an Royal Exchange ar mhaithe le Seán Buidhe. Ní dóigh liom gur fearr an béile bidh a gheobadh sé féin ar an airgead fiú ag Tabhairne Lonndain, go mórmór dá n-óladh sé leithéid an fhíona Burguinne a bhí againn-ne. An salón mar ar chaitheamar an béile, dob álainn é; solus ann ó lampaí paiteanta agus scáthána

móirleithid ; deallramh faisiúnta ar an gcuideachtain, gach aon phioc chómh maith agus chonnac riamh iad ag Tigh Caifé Bhedford ; is é brí an scéil é go raibh cuma an tsaidhbhris agus na sádhaile ar an uile ní go hiomlán. Do chuas de shiubhal timcheall an Phalais Royal, ach é ró dhorcha chun aon ní d'fheicsint. Do chuas anáirde go siopa atá ag J. B. Louvet. Tighthe caifé go léir lán go doras, ach ní dheaghas isteach i gceann aca. D'Aucourt ag tormas gan cuma chómh soillseach a bheith ar rudaí agus bhíodh ; dar liom go bhfuil beagán de'n éitheach ag baint le n-a chainnt. Chun leabthan.

Feabhra 13.—An Captaen Sisson a bhí n-ár dteannta ag teacht aníos do bhuail isteach chun bricfeast a chaitheamh liom. Do shocruigheamar cúntas ár gcostaisí. Céad agus seasca míle ó Havre go Paris nó fé'n tuairim sin. Bhíomar dhá oidhche ar an mbóthar. Do bhítheas ró dhaor uair nó dhó orainn. Do bhí a ceathair, a cúig agus, ar feadh dhá achar, a sé de chaiple fé'n gcóiste againn ach d'á aindeoin sin b'é a chosain an turas ar fad ná seasca coróin nó £15 airgid, dob 'in £5 an duine. Do chosnóchadh sé a dhá oiread ar a luighead an fhaid chéadna a thaisteal i Sasana. Sin comparáid an chostais san dá thír agus is maith liom bheith 'ghá gcur i gcomparáid, agus measaim go bhfuil eolas maith ar Shasana agam. Mé féin agus D'Aucourt do dhul i gcómhairle chogaidh. Socrú déanta againn gan gabháil amach ós árd go ceann lae nó dhó go ndéanfar culaithí de dhéanamh na Frainnce dhúinn, annsan mé do dhul ar mo chéad chuaird chuig Monroe (an Taidhleoir Americánach) agus mo leitreacha a thabhairt do. Tuairiscí a chur idir dhá linn.

Tá an *Directoire Exécutif* tar éis bronntanas a thabhairt do'n Taoiseach Jourdan : sé cinn de chaiple deighfearais, claidheamh agus cás de phiostail. Cad é mar bhronntanas do Thaoiseach Poblachtach. Chítear dom nár bhronnadar aon ní ar Phichegru. Is ait liom gur gabhadh thairis. An é atá beartaithe aca aire an phobail a thabhairt ar Jourdan. Fairthar so. Do bheadh cathú orm dá gceiltaí an solus ar Phichegru.

San tráthnóna chuas do'n *Grand Opéra, Théâtre des Arts, Iphigénie.* An amharclann go hálainn agus bhí, measaim, céad de lucht oirfididh ann. Na héidí go haoibhinn agus aire thar cionn tugtha go mbeadh na hórnáidí uile ar aon dul leo, rud ná feaca a leithéid riamh i Lonndain. Beo-íomhágha cruthanta Gréagacha dob eadh na haisteoirí agus ní fheaca feabhas éirime na sean i

gcúrsaí éadaigh riamh chómh soiléir, go mórmór ar na mná. Do bhí Iphigénie (*la citoyenne Cheron*) gléasta ar fad i n-éadaighe bána, gan ornáid d'á luighead agus ní fhéadfaí a leithéid eile a shamhlú le fíormhaise agus le suaithinseacht. An aisteoireacht ionmholta ach gan an amhránaidheacht i n-aon chor chómh maith agus bhíonn ag an Haymarket. Níl amhránaidheacht ag na Franncaigh mar atá ag na hIodálaigh. Agamemnon ar fheabhas. Clytemnestra níos fearr fós. Acaill go dona agus glámh molta dho níos mó ná d'aoinne aca araon. Amhránaidheacht aige san tseannós Franncach atá go ródhéistineach, creatha agus ceileabhar ar gach nóta. Dona! dona! dona! Do chan an chuid eile ar mhódh a bhí cuibheasach ceart. Do bhí an ballet, *L'offrande á la Liberté*, go rí-álainn. Do bhí íomháigh na Saoirse i lár an árdáin agus altóir ar lasadh ós a cómhair. Do bhí fuireann an cheoldráma bailithe 'na thimcheall fé n-a n-éidí áilne Gréagacha. Do ghaibh fear bassuchtaighe mórghutha an fonn cathardha "*Veillons au salut de l'Empire*" agus chuir sé an lucht éistigh i dtrithí scleondair leis. Aon uair adubhradh an focal "*esclavage*" ba gheall le tuairt áibhléise é. Do gabhadh an t-iomann Marseillaise annsan agus do dhein san gríosú níos déine ortha. Le linn na bhfocal "*Aux armes citoyens!*" do tharraing na haisteoirí uile a gclaidhmhte agus d'fhéach an bhanlucht ortha mar bheidís 'ghá ngríosadh. Tháinig stad beag roimh an bhéarsa deiridh, bhain athrú do luascadh an cheoil go raibh gluaiseacht an-mhall fé agus gan mar theannta leis ach na feadána agus na hóbótha; do ghaibh lucht móirshiubhail aobhdha isteach; leanbhaí beaga ar tosach, i riocht iaraiphin, agus ciseáin de bhlátha aca; tháinig garsúin 'na ndiaidh sin, iad beagán níos sine agus craoisigh gheala 'na lámhaibh aca (*Hasta pura* na sean). Annsin do ghluais beirt bhanscál aobhdha chugainn agus siubhal na dtrí ngrás féin fútha, aithneacha ar lasadh aca; 'na ndiaidh sin bhí ceathrar fear ngorm, éidí oiriúnacha ortha agus dhá bhrannra tréchosach leo eatartha gur leagadar go hómósach iad ceachtar dá thaobh de'n altóir; tháinig annsan an uimhir chéadna Americánach i gculaithí suaithinseacha Miocsach, agus 'na ndiaidh sin aniar bhí sluagh d'aisteoirí eile, i n-éidí éagsúla, do dheisigh i ranga iad féin ar gach taobh de'n árdán. Do dhruid annsan na leanbhaí beaga i dtreo na haltóra leis na ciseána bláth agus leagadar i bhfianaise an bhaindé iad, tháinig gach dream i ndiaidh a chéile ar a gceart, agus chrochadar fleasca agus trilseána rós ar fuaid na haltórach agus ar bhonn na híomháighe; ghaibh beirt bhanscál

na n-aithneach i dtreo na mbrannra trí gcos, bhuaileadar an teine fútha agus d'éirigh an lasair ionnta. Do chuaidh cách annsan ar a nglúine. Ar chómhghluaiseacht leis an gceol iseadh a deineadh so uile agus ba mhaordha tar innsint é. Do gabhadh annsan an chéad chuid de'n bhéarsa deiridh, "*Amour sacré de la patrie*," go mall, solamhanta, agus na focail "*Liberté, Liberté, cherie*," le fuinneamh a chorruigh go sármhór mé. Do bhí maoithneachas agus sároirdhearcas san ngnó uile thar a bhfeaca-sa riamh, ná mar d'fhéadfainn nach mór a mheabhrú; ach bhí gníomh eile le teacht a chuir an clár binn ar fad air agus a dhein taispeánadh de ba dhual is ba mhaise do shaorphoblacht.

Le linn na bhfocal "*Aux armes citoyens!*" tháinig an fuadar mileata arís san gceol, do léim na haistreoirí 'na suidhe agus ar chrapadh na súl seo líonta an t-árdán de'n Ghárda Náisiúnta le fuadar ag teacht, baignití ar beartú aca, claidhmhte ar tarrang aca agus a mbrat trédhathach ar foluamhain le gaoith. Ní féidir innsint scéil a dhéanamh ar conus mar chuaidh so i bhfeidhm ar na daoine. Níorbh eol dom riamh cheana cad a bhain le díoghrais, agus is é a threisigh thar na bearta ar fad leis nárbh aon díolúnaigh iad, ag leigean ortha, na fir sin; bhíodar do réir an ghotha bhí ortha,cathardhaigh de'n Fhrainnc ag dul i leith a gcuid arm chun a dtír a shaoradh ó'n moghsaine. Dob iad súd na fir a theilg Coburg san tSambre agus a thiomáin Clairfait thar an Réan, agus le linn na huaire seo bhíodar ar tí imeacht fé dheifir go teorainn na tíre chun gabháil tré bhaoghal nua agus chun glóire nua a thuilleamh. Sin é a thug do'n taispeánadh bheith inspéiseach thar na beartaibh. Is sásta bheinn teacht ó New York arís chun go bhfeicinn athuair an ní a thug oiread san taithnimh dom. *Cad is fiú balléidí an Haymarket i gcomórtas leis seo?* Dob é an sárthaispeánadh suaithinseach so an chríoch a bhí leis an mballéid; ach cad chuige dhom ainm chómh suarach a thabhairt air. Do bhí balléid ar siubhal 'na dhiaidh gur dhual an ainm do, ach bhí san féin ar malairt chrutha seachas mar bhídís. Do bhí na Gárdaí Náisiúnta arís ann agus, i n-ionad rinnce, is gothaí míleata a bhí i dtrí ceathrúna de'n taispeánadh mar, do réir deallraimh, is fearr a thaithnighid sin le meon na Frainnce fé láthair ná allemandes agus minueití agus an *pas de deux. Mar sin is fearr é.*

Ba mhaith anois a thómhas an mór a chosnóchadh sé an méid sin d'fheicsint. D'íocas, as m'ionad suidhte ins na boscaí, céad go leith livre i n-aisighnaití agus, do réir an ráta mhalairte atá fé

láthair ann, is sé pingne airgid é sin, beagnach. Ní raibh ar na suidheacháin ba dhaoire ach dhá chéad livre, sin ocht bpingne. D'aon ghnó atáim ag tagairt do san d'fhonn tuairim a tháinig dom ag Havre a chur síos, agus gur dóichighe go mór annso é,'sé sin go bhfuil an Rialtas ag cabhrú ós íseal leis na hamharclanna. Agus insan bhFrainnc is críonna an rúnchómhairle í sin mar tá na daoine ann tugtha go mór do'n tsuaithinseacht. Tá fiche ceann aca san anois i bParis agus iad uile lán gach oidhche. Cad é mar thaithneochadh "*Offrande à la liberté*" lem mhúirnín mná.

Feabhra 14.—Dinnéar agam i dtabhairne, i seomra órtha go raibh scátháin anuas go dtí an t-úrlár ann. Do sháruigh sé a bhfeaca riamh. Dob é Ósta é an tSainsiléara a bhí ag Diúic Orléan. Is mó anródh a cuireadh ar dhaoinibh chun an dathúchán agus an ornáididheacht a dhéanamh ar an seomra san, agus anois tá cead do chách dinnéar a chaitheamh ann ar thrí scillinge. "*Make the aristocracy laugh at that*," ach tá oiread san mílte d'eisiompláirí d'á saghas le fagháil i bParis ná bacann aoinne leo.

An Coméide, balléid (ainm neimhcheart súd air), *Le chant du départ*. Cath fear fé airm. Dialla ar a ndroma, ullamh chun gluaiste fé n-a gcuid oifigeach, agus taidhleoir thar ceann na ndaoine ós a gcionn (bhéarfadh P.P. tíoránach air). Ar thaobh de'n árdán bhí gasradh de sheanóirí i leith is gurbh iad tuismitheoirí na ngaiscidheach iad. Ar an taobh eile bhí buidhean bhan, agus ní abróchainn gur ar son a míscéimhe a toghadh iad, i riocht bainchéile agus leannán dóibh; agus bhí roinnt de leanbhaí áille scaipithe ar fuaid an árdáin. Do chuir an taidhleoir tosach leis an amhrán agus do fhreagair na saighdiúirí é; mná a ghaibh an chéad bhéarsa eile agus fágaim fé aon duine, ná fuil a anam 'na chloich, a mheas cad é mar chorróchaí duine le hamhrán d'á leithéid ó mhaighrí aobhdha mar iad súd. Do ghaibh na sinnsir an ceann 'na dhiaidh sin agus, ag a dheireadh, siúd leis na garsúin agus na cailíní beaga isteach ameasc na saighdiúirí a thóg anáirde 'na mbaclainn iad agus a phóg iad. Do bhain chuid de na buachaillí beaga a gcinnbhearta de na gaiscidhigh airm agus chuireadar ar a gceanna féin iad agus bhí tuille aca ag spaisteoireacht thart fé claidhmhte ba shia ná iad féin. Ar deireadh chuaidh an cath i n-eagar arís agus ghluaisigheadar, an taidhleoir agus na hoifigigh do bheannú do'n lucht seallaidh ar imeacht dóibh, agus na mná agus an ógbhadh ar thullaigh ag ceileabhradh do'n arm agus iad ag gabháil thársta. Ní chualathas riamh a leithéid de gheoin mholta

agus bhí le linn an mheirgidhe do dhul thart agus an bratach tré-dhathach scaoilte aige. Níorbh aon bhréigriocht é seo agus sin é do mhúscail an tsuim ann agus a thug deora i súile daoine gan a gcead. *N.B.*—Is léir as san uile ná fuil ins na Franncaigh ach cine allta agus ná fuil daonnacht ar a gcumas agus ná déanfaidh Seán Buidhe ach teacht 'na n-imeall ar dhá bhruach an Wahal agus ná stadfaidh leo go dtiomáinidh sé roimhe iad san Muir dToirrian.

Feabhra 15.—Dulta agam go dtí Monroe an taidhleoir agus mo chuid leitreacha agus mo phas taistil tugtha agam do. Fáilte deighbhéasach ag Monroe dhom agus do cheistigh go mór mé i dtaobh an cruth atá ar an aigne poiblidhe i nAmerica. Do fhreag-ruigheas mar dob fhearr a bhí im chumas agus ar chuma a shásaimh maith go leor é i dtaobh mo thuairimí féin. D'fhiafruigheas de cé dho gur chóir dom mo chuid teachtaireachtaí a thabhairt. Dubhairt sé liom gur do'n Aire le Gnótha Coigcríoch agus thug a sheoladh dhom. D'éirigheas annsan agus dubhart leis, an uair a bheadh leitir Bh— (do bhí fé rúinscríbhinn) léighte aige go raibh súil agam go ngeobhadh sé mo leithscéal é bheith de dhánacht ionnam teacht arís. Dubhairt sé go mbeadh áthas air aon uair mé d'fheicsint ; agus, tar éis tuairisc Hamilton Uí Ruadháin a chur orm, connus a thaithnigh Americá leis, ⁊rl., d'fhágas slán aige agus d'fhilleas go dtí n-a oifig d'iarraidh mo phas taistil. Do thómhais an rúnaidhe láithreach gurbh Éireannach mé. *À la bonne heure.* Do chuas ar a trí a chlog go dtí an tAire le Gnóthaí Coigcríoch, Rue du Bacq, 471. Do shíneas uaim mo phas taistil agus d'iarras go gcuirfaí duine chugam go mbeadh Béarla aige. Mé curtha i n-aithne láithreach do'n Chef de Bureau, Lamare, duine gurbh iongantach neamhdhathúil an aghaidh a bhí air. Do thaispeánas mo leitir do agus dubhart leis gur theastuigh caoi uaim chun é thabhairt isteach 'na láimh féin do'n Aire. D'fhiafruigh "ná déanfadh sé an gnó dá dtógadh sé féin mar chúram air féin í." Thugas mar fhreagradh air gan amhras gur aige sin is fearr a bhí eolas ar an slí oifigiúil ; ach muna mbeadh sé neimhcheadmhach go mbeinn fé chomaoin mhóir dá gceaduightaí dom é thabhairt im phearsain féin uaim. Thug sé annsan mé go dtí seomra álainn mar a raibh oifigeach cinn agus duine eile ag scríobhadh agus tar éis moill cúpla nóimeat do cuireadh i n-aithne do'n Aire Charles De la Croix mé agus thugas mo leitir do agus d'oscail í agus, nuair a chonnaic gur scríbhinn rúnda bhí innti, dubhairt sé i bFrainncis liom go raibh buidheachas mór aige orm toisc an duaidh a chuireas orm féin, agus go dtiúbhradh

an rúnaidhe admháil dom d'á rádh go dtáinig sí chun cinn. D'umhluigheas annsan do agus chuas amach i dteannta an rúnaidhe agus thionnlaic an tAire go dtí an doras sinn. Fear galánta 'na dheallramh é; i gcómhgar trí fichid blian dar liom, agus is beag ná go samhlóchaí ar a mheon gur easpog é. Tá admháil tugtha ag an Rúnaidhe dhom agus seo im dhiaidh eidirtheangú déanta uirthi: "Fuaireas ó Mhr. James Smith leitir fé sheoladh go dtí Coiste an Leasa Phoiblidhe go n-abruigheann 'na taobh gur ó'n gcathardhach Adet í, Aire Lánchómhachta ó Phoblacht na Frainnce i bhPhiladelphia. Paris, an 26adh lá de Phluviose, an treas bhliain de Phoblacht na Frainnce. Rúnaidhe coitchionn i gcómhair Gnóthaí Coigcríoch, Lamare." Tá an chéad bhearna curtha agam díom. I gcionn lae nó dhó fillfead d'iarraidh mo phas taistil.

Táim lántsásta leis an tslí glacadh mé ag tigh Mhonroe agus ag tigh an Aire, ach ní féidir liom tuairim ar bith a chaitheamh ar cad a thiocfaidh as. De bhrí an leitir a bheith i rúinscríbhinn ní fhéadfadh sé a thomhas ciarbh é mé ná cad é mo thoisc. Ní foláir liom a rádh nárbh aon duadh dhom cead d'fhagháil chun dul 'na láthair; go raibh sé liom go lághach agus go deighbhéasach agus gurab é brí an scéil é, muna bhfuil adhbhar agam bheith ag súil le haon ní fónta, ná fuil cúis agam bheith ag coinne le droichní. Tá gach ní *in equilibrio*. Tá lá nó dhó anois agam chun dul i mbun mo chúraimí príobháideacha féin agus ní foláir gnó Mhr. W. Browne, mo dheartháir Maitiú, a bheith ar an gcéad ghnó aca.

An ceoldráma istoidhche. An "*Chant du départ*" arís. Tá trí ceathrúna an taithnimh a gheobhainn ann imithe amú orm toisc gan mo bhainchéile cumainn, nó P.P., a bheith im theannta 'ghá éisteacht. Nach glionndarach a bheidís fé láthair i bParis! agus, annsan, fíon na Burguinne gach lá ag na Proinntighthe. P.P. bocht, níl fulang le compánach eile ach leis, lasmuich de na garsúin. Ach, "Tis but in vain," ⁊rl.

Feabhra 16.—Do bhuaileas amach d'fhéachaint na cathrach. Táid na *Tuileries*, an *Louvre*, an *Pontneuf*, ⁊rl., thar barr. Tá Paris míle uair níos áille ná Lonndain ach níl chómh háiseach do lucht coise chun dul timcheall ann. Chonnac dhá chomplacht de ghrenadóirí i ngáirdín na *dTuileries*, an chéad chuid a bhuail liom. Fir bhreághtha scafánta iad ach gan an *air militaire* aca a gheobhthaí ag saighdiúirí single; tá gotha uaisle ar a lán ins na ranga agus casóg shaighdiúra ortha, agus ba chosúil i gcoithchinne

le dhá chomplacht d'Óglaigh i nÉirinn iad, mar a chínn san tír sin iad le linn m'óige agus mo neamhurchóide. Is ógánaigh de'n chéad fhoráileadh iad so. Éide gorm ortha agus é bánmhaisithe, cába dearg agus cufaí, snadhma dearga gualann agus cleití cinnbheart, creasa bána, thest agus brístí, muinstuic dhubha agus coisbhearta. Measaim dóibh a bheith chómh maith le haon fhearaibh de'n líon céadna d'á bhfeaca riamh. Na mná! nach mór an tubaist é an faisiún so! Do bhí cáil ar mhnáibh na Frainnce riamh le breághthacht a bhfolt, agus d'á bhrí sin ní háil leo gan peribhig bheag mhothallach do chur anuas ortha. Leaghadh Dia ortha mar pheribhigí! B'fhearr liom dóighte iad; ach is é an faision é agus is scáth do'n uile dhíth céille é sin. Um thráthnóna do shiubhluigheas chómh fada leis an bPalais Royal; é lán de lucht an airm agus deilbh a bpearsan go léir beagnach ar fheabhas. Ní maidir le héide atá i gceist agam, ach maidir le hiomchur, le bhéasa agus le gluaiseacht. Is anois a thuigim an bhrí iomlán atá leis an rádh, náisiún fé airm, agus ceapaim gur eol dom tír d'fhéadfadh, do réir a méid agus líon a muinntire, an oiread céadna fear a sholáthar de chinéal chómh maith agus tá san bhFrainnc. Ach, tagann gach maith le cáirde. Beidh géarghábhadh leis na bearta céadna a mhúscail agus a chothuigh an spioraid annso, má's é toil Dé na gCómhacht go deo tré nA mhórmhaitheas a dheonú dhúinn go mbrisfimís cuing na daoirse. Ní dóigh liom gurbh aon dóichín Éire mar náisiún airm.

XVIII

I gCÓMHAIRLE LE RIALTAS NA FRAINNCE

1796—FEABHRA 17 GO FEABHRA 23

De La Croix. Trácht le Madgett ar an gcabhair d'fhónfadh d'Éirinn. Sluagh airm agus Taoiseach mórchlú. Fir le fagháil i nÉirinn dá dtagadh na Franncaigh. Ceist faoi údarás Tone chun labhairt ar son na hÉireann. Tone do scríobhadh an chéad mheamraim ar aiste na hÉireann. Cómhairle Mhonroe dho dul cruinn díreach go dtí an Directoire Exécutif agus gan bacadh le híochtaráin.

Feabhra 17.—Do chuas ar a haon a chlog go dtí bureau an Aire d'iarraidh mo phas taistil. Adubhairt cléireach liom go dtáinig duine indé agus gur iarr im ainm é agus go bhfuair. Chuireas i n-úil do nárbh aithnid dom aoinne i bParis agus nár chuireas aoinne d'á iarraidh, agus chuireas i gcuimhne dho gurbh é seo an lá d'ainmnigh sé dhom chun teacht. Tháinig stad ann leis sin agus díreach le n-a linn sin tháinig an Rúnaidhe ceannais isteach agus d'innseas an scéal do. Do chuimhnigh sé láithreach orm agus dubhairt sé liom gur theastuigh ó'n Aire mé d'fheicsint, agus gur chuir sé scéal go dtí an Taidhleoir chun fios m'ionad cómhnaithe d'fhagháil. Dubhart go raghainn chuige pé uair ba mhaith leis ; dubhairt sé teacht "anois díreach," agus d'á bhrí sin do leanas é isteach go seomra an Aire agus d'fháiltigh súd rómham go han-bhéasach.

Dubhairt sé i bhFrainncis liom go rabhthas tar éis an leitir rúinscríbhinne d'fhágas aige do fhrithscríobhadh dho, gur chuir sé láithreach í fé bhrághaid an *Directoire Exécutif* agus gur ceapadh aca san gur scéal sárthábhachtach a bhí innti, gurbh é bhí ar aigne aca ná go raghainn-se láithreach go dtí duine uasal áirithe agus, ó bhí an dá theangain ar fheabhas aige-sin agus é discréideach, go gcuirfinn mo scéal i n-úil do gan cheilt ; gur Madgett ab ainm do. Dubhart-sa go raibh aithne éaghmaise agam air agus go raibh leitir aitheantais agam chuige ach nár cheapas gur cheadmhach dom mé féin a chur i n-úil d'aoinne gan a thoil sin. Do fhreagair sé nár mhiste dhom fios scéil a thabhairt do Mhadgett gan aon scoth · do shuidh síos agus

do scríobh nóta chuige agus thug dom í. D'imigheas annsan agus do thionnlaic an tAire go dtí an doras mé.

Ní hé fáth atá agam leis na mininnste seo a chur síos, ar chonus mar glacadh mé, gurab aon duine mé a ghabhann baothghlóir ró mhór chuige féin de dheascaibh lághaiche aon duine d'á aoirde céim, tá súil agam pé scéal é nach mar sin atá agam—ach go dtuigtar dom, an t-ómós a thug De la Croix dhómh-sa gur ar son mo thosca é, agus is é brí bhainim as a fhusacht dom dul 'na dháil agus a lághaiche glacadh me, ná gur cómharthaí fónta iad. Do bhíos dhá uair ag an mbureau agus gach uair aca do leigeadh isteach go seomra an Aire mé gan mhoill nóimite. Deaghthuar é sin uile ní foláir.

Dob éagsúil an éide bhí ar an Aire. Tá sé ráidhte cheana agam go raibh pearsantacht easpoig aige. Do bhí sé gabhtha indiu i *robe de chambre* de léithshíoda, agus fé sin do bhí casóg scarlóideach sróil, mar aon le stocaí rósdatha síoda, agus ribíní scarlóideacha 'na bhróga. Tá, dar liom, oiread de bhéasa an duine uasail aige agus atá ag Tighearna Grenville. Táim ag cur na nithe beaga san síos mar go bhfuil a fhios agam go bhfaghaidh an té sin, gur ionmhaine liom í deich míle uair ná m'anam féin, taithneamh ionnta. Tá tuairim seisir ar an saoghal so go dtiubhraidh léigheadh na meamram scaoilte seo taithneamh dóibh ; is dóigh gur leamh an t-adhbhar le cách eile iad. Ach is do na mná ar mo líontighe iad, do na buachaillí má theagmhuighimíd go deo arís le 'chéile, agus dom charaid P. P. B'é an rath ó Dhia dá mbeadh sé annso anois. Ach, "*if wishes were horses beggars would ride*" agus tá aithfhriotal deas eile ann d'oirfeadh chómh cruinn céadna do chúrsaí guidhe, ach is scorn liom a scríobh-adh.

Do ghluaisigheas go tigh Mhadgett agus thugas do mo leitir. Áthas mór ar Mhadgett mé d'fheicsint ; d'innis dom go bhfuil dóchas an-mhór aige go ndéanfar an gnó do thionnscnamh dáiríribh; go bhfuil Éire anois ar uig ag Rialtas na Fraince agus, ó'n téagar agus ó'n deallramh a bhí ar an scéal, go raibh árddhóchas aige go n-éireochadh leis ; go raibh scríobhtha aige go dtí Hamilton Ó Ruadháin mí roimhe sin d'á iarraidh go dtiocfainn-se anall láithreach chun dul i gcómhairle le Rialtas na Frainnce d'fhonn cinneadh ar gach socrú ba riachtanach, agus go ndearnaidh sé an méid sin ar órdú Rialtais na Frainnce. D'fhiafruigh sé annsan díom an rugas aon pháipéir ná cómharthaí creidiúna liom. Dubhart ná rugas liom ach leitir Adet chun an Rialtais agus ceann chun an Taidhleora Americánaigh, gur loiteas beagán eile aca ar an dturas,

ceann aca chuige féin ó'n Ruadhánach, de dheascaibh go raibh long Bhearmúdach d'iarraidh breith orainn; i dtaobh cómharthaí creidiúna gur thaispeánas a raibh agam díobh, nó a fhéadfadh a bheith agam, d'Adet ar mo chéad dhul go Philadelphia i mí Lughnasa roimhe sin. Gurbh iad a bhí ann ná rún buidheachais ó Árdchoiste na gCatoiliceach i nÉireann, ar son mo sheirbhíse dhóibh im thimthire, fé shighniú Mhr. Éamoinn Uí Bhroin agus an dá rúnaidhe Risteárd Mac Cormaic agus Seon Sweetman, fé'n dáta Aibreán, 1793; an dara rún buidheachais ó Chatoilicigh Bhaile Átha Cliath, fé shighniúchán an Chathaoirligh agus an rúnaidhe; agus an rún ó chath Óglach Bhéal Feirste am thoghadh im bhall onórach ortha, agus ainmneacha na nOifigeach leis. Gur thairgigheas d' Adet na páipéir sin a bhreith go dtí an Fhrainnc ach go ndubhairt sé gur leor é féin a bheith sásta liom agus ó ba pháipéir mhóra iad go mbeinn ag dul i mbaoghal aithne gan gábhadh dá stadtaí sinn le long chogaidh le Sasana; go sásóchadh sé féin Rialtas na Frainnce, agus d'á luighead páipéar d'aon chinéal a bheadh ar iomchur agam gurbh eadh d'fhearr, agus d'á bhrí sin ná rugas liom ach an chuid d'ainmnigheas.

Dubhairt Madgett annsan gur leor an méid sin, go mórmór ó bhí na páipéir nuachta aige go raibh na rúin a luadhas ionnta, agus go raibh láineolas cheana ag Rialtas na Frainnce cérbh é mé. Dubhairt sé leis, go bhfaghaimís deich gcinn d'árthaighe cogaidh, pé méid arm a bheadh riachtanach agus an méid airigid go mbeadh róghábhadh leis, ach go gcaithfaí é sin d'úsáid le bainistighe toisc go raibh iliomad éilithe ag teacht go práinneach air ó gach áird agus gur cheap sé go bhféadfaí tosnú tré America ionnus go ndéanfaí áis d'Éirinn agus do'n Fhrainnc. 'Sé sin le rádh go bhféadfaí stóir airm a chur san mbealach san ó'n bhFrainnc go hÉirinn, go gceannóchadh daoine oiriúnacha annsan iad, agus adhbhair lóin, leathar, ⁊rl., a chur thar n-ais i longaibh neodrúla. Dubhart-sa nárbh fhéidir an bheart deireannach san a dhéanamh toisc an Rialtas Éireannach a bheith chómh braitheach, agus de bhrí feidhmiúcháin Acht an Phúdair, agus mhínigheas é sin do; annsan thugas gearrthuairisc do i dtaobh an aiste 'na raibh Éire, do réir mar cheapas-sa, agus leigeas síos mar *positum* ná féadfaí aon ní le héifeacht a dhéanamh ann ach le sluagh armála a chur i dtír; go raibh buinriachtanas le harm Franncach mar *point de ralliement* agus mhínigheas fáth mo thuairime dho. Dubhairt sé liom annsan nárbh fholáir dúinn a raibh d'eolas againn a chur i n-eagar agus chuige sin do réidhtigh liom

chun teacht ar bricfeast leis amáireach nuair d'fhéadfaimís dul tríd an ngnó ó thosach deireadh, agus mar sin do scaramar.

N.B. I ngach eadarghnó d'á mbeidh ar siubhal annso agam bead 'ghá shíorchur i n-úil dóibh an gábhadh atá le harm a chur i dtír. Muna gcuirtar ní chorróchaidh na daoine ach chun díthiú a dhéanamh ar roinnt bheag troch, agus tá breis de sin ar siubhal i nÉirinn cheana againn. *Sine qua non* iseadh armáil Fhranncach agus taoiseach mórchlú i gceannas ortha ; Pichegru de rogha nó, munarbh é sin é, Jourdan. Tá a n-ainmneacha san ar eolas i nÉirinn agus is tábhachtach an scéal é sin.

Feabhra 18.—Bricfeast ag tigh Mhadgett. Tuarasgabháil fhada uaim-se ar aiste na hÉireann nuair d'fhágas-sa í, agus beidh a substaint sin le fagháil i n-aon chuid meamram cuimhne a chuirfead le 'chéile. Dubhairt Madgett arís liom go bhfuil uig an Rialtais annso go lándáiríríbh ar chúrsaí na hÉireann, go mbraithid muna ndeighilid siad Éire ó Shasana go mbeidh Sasana dochlaoidhte. Go bhfuilid ullamh chun connradh ionnsaithe agus cosanta a dhéanamh le hÉirinn, agus connradh tráchtála ar choinghealla cómhbhuntáiste ; go dtiúbhraid siad uatha deich gcinn de loingeas chogaidh, airm agus airgead, fé mar dubhairt sé liom indé agus go rabhadar ag déanamh ullmhúcháin 'na chómhair cheana féin san Spáin agus san Hollain. D'fhiafruigh sé dhíom an ndéanfaí aon ní i nÉirinn d'á hiarracht féin. Dubhart-sa go dearbh ná déanfaí ; ach dá dtéightaí i dtír innti aon uair amháin, go ngluaiseochadh gach ní láithreach, ach gur riachtanach súd a dhéanamh, agus d'iarras air an méid sin a chur i n-úil mar thuairim uaim d'aon daoine i gcómhacht go mbeadh an gnó 'na líon ; d'á mbeadh 20,000 Franncach i nÉirinn go mbeadh i gcionn míosa againn céad nó dhá chéad nó 300,000 fear, ach ná raibh fagháil ar aon ní gan an *point d'appui*. Dubhairt sé gur mar sin a shamhluigh sé dho féin, leis.

Tháinig sé thar n-ais ar scéal na stór a chur isteach tré bhealach America. Do luadhas arís an deacair a bhí ann ó Acht an Phúdair, agus an baoghal a bhí ann go músclóchaí an Rialtas i nÉirinn. Dubhairt sé gur cheap sé fós go bhféadfaí é dhéanamh, agus thug sé mar fáth leis gurbh eol do go ndeaghaidh ocht gcinn déag de phrásghunnaí ordnáis isteach go hÉirinn fé cheilt tré Bhéal Feirste. Má's fíor so is mór is iongnadh liom é, ach is é mo bhreithiúntas gur iomrall feasa atá ar Mhadgett. Dob é mo fhreagradh dho dá dtéightaí i dtír aon uair amháin nár ghábhadh an rud a bhí beartaithe aige-sin óir dá ndeintaí sin go mbeadh a raibh de stóir san

ríocht ar ár láimh, agus muna ndeintaí é ná corróchadh na daoine ach b'fhéidir chun mionghráscar, agus éirghe-amach logánta, ná tiocfadh asta ach ídiú na gceann feadhna bheadh ortha. Do thaidhsigh sé dhom go ndeaghaidh san i bhfeidhm air agus dubhairt sé go bhfeacathas do go raibh an chuid sin de'n scéim gan éifeacht.

Do thagruigheas annsan gur ceart fear cáilmhar a bheith ar cheann slóghá na bhFranncach, agus luadhas Pichegru nó Jourdan, beirt go bhfuil aithne mhaith ar a gcáil i nÉirinn. Dubhairt sé liom go raibh iarracht de mhíghreann idir Phichegru agus an Rialtas (bhí an t-amhras san cheana agam) ach dá mbeartuighthaí ar na gnóthaí a dhéanamh go mb'fhéidir fós gurab é a bheadh 'na cheann slógha, agus adubhairt farais sin gur thréithighe d'fhear é ná Jourdan. Dubhart-sa "gur leor aoinne aca." Dubhairt sé annsan liom meamram a chur le 'chéile i bhfuirm do Rialtas na Frainnce a luaithe d'fhéadfainn é, go ndéanfadh sé féin eidirtheangú air agus a chur isteach gan mhoill. Do shocruigheamar go gcaithfimís dinnéar le 'chéile ag a lóistín sin, agus mar sin do scaramar.

Tá ní amháin ba mhaith liom a rádh : do thaispeáin Madgett dom nóta an Aire, agus dar liom air gur ceann príobháideach ar fad é, mar ar thagair sé do'n fhonn a bhí air féin an gnó a chur chun cinn chómh fada agus dob fhéidir é mar gur chara é féin do'n tsaoirse agus do'n daonnacht. Do bhí iarrtha ag an Aire orm féin fios mo ghnótha a nochtadh gan cheilt do Mhadgett. An amhlaidh atáim ró shochreideamhach i gcúrsa go bhfuil mo dhúil féin go rómhór ann, sé sin go gcabhróchaidh Árdchómhairle na Frainnce dáiríribh linn.

Feabhra 18, 19, 20.—Ag obair ar maidin ar mo mheamram. Fiosruighim Madgett uair sa ló chun dul i gcómhairle leis. Deir sé go gcuirfar duine go hÉirinn láithreach agus go mbeidh caoi agallaimh agam leis agus go mba mhaith d'á dtugadh ar ais leis ainmniúchas orm-sa im Thaidhleoir Lánchómhachta ionnus go ndéanfaí connradh ionnsaithe agus cosanta a chríochnú leis an bPoblacht, agus d'á dtagadh san go dtiúbharthaí an aithne sin orm ó Rialtas na Frainnce. Is dear h ná féadfaí gradam níos aoirde thabhairt dom ; pé scéal é, dubhart ná raibh aon fhagháil ar ainmniúchas d'á leithéid gan fios scéil a thabhairt d'á oiread san daoine go gcuirfeadh sé an rún i mbaoghal a scéithte leis an Rialtas i nÉirinn ; nár theastuigh uaim se de chreidiúint leis an *Directoire Exécutif* ach an fhaid go raibh deimhniú ar mo ráidhte aca ó nithe bhí go dearbhtha i gceist ; gurbh é an t-eolas a thugas liom an rud ba thábhachtach san scéal

agus, bíodh go mba róthaithneamhach dom féin é, ná beadh ins na cómharthaí creidiúna ach cómharthaí sóirt. Nuair a cuirfáí rialtas ar bun i nÉirinn go mbeadh sé tráthúil go leor chun bheith ag trácht ar thaidhleoireacht agus annsan d'á mb'fhiú lem thír orm é gur orm a bheadh an t-áthas agus an mhórdháil thar aoinne beo glacadh le hoifig im Thaidhleoir ó Éirinn. Agus b'iúd é deireadh lem cheapadh-sa do'n phost úd.

Caithfead fanúint ar a luighead go dtosnuightar ar an gcogadh, má thosnuightar choidhche, nó b'fhéidir go mbí críoch leis, muna síntar mé féin idir dhá linn. Do thaithneochadh liom go mór go mba mise an chéad Taidhleoir Éireannach ; agus má éirigheann an gnó so do láthair liom is dóigh liom go mbeidh buannacht éigin ar an oifig agam. "*Oh, Paris is a fine town and a very charming city,*" dá mbeadh Éire neimhspleádhach d'fhéadfainn trí bliana a chaitheamh annso lem mhuinntir, go mórmór lem chéile cumainn, fé mhórshonas. Measaim ná beadh aon locht ag P.P. ar roinnt mí gach bliain a chaitheamh *à l'hôtel d'Irlande*. Is danardha an mac é. Is dearbh, go deimhin, go n-ídeochaimís roinnt buidéal d'fhíon taidhleoireachta na Burguinne. Ach níl annsan ar fad ach caisleáin aeir, chríochnuigheas mo chuid meamram, agus tá Madgett tar éis a rádh liom an lá so (an 20adh lá) gur scríobh an tAire chuige 'na dtaobh. Is maith liom an mhíofhoidhne sin. Deir Madgett má éirigheann linn gurab é cuid de'n méid atá beartaithe, ach dar liom-sa gur cuid d'á bheartú féin é, an Jamaica d'éileamh d'Éirinn mar chion cúitimh. Do bheinn-se sásta le hÉirinn, gan aon Jamaica. Tá mo mheamram lán de rogha gach eolais. Caithim dinnéar im aonar gach lá ; fágann D'Aucourt go mór fúm féin mé agus gur áthas liom san. Na saighdiúirí ag an Palais Royal go sáirphearsan (ach tá so ráidhte cheana agam). A lán buachaillí breághtha a thug cos nó lámh ar son saoirse a dtíre. D'fhéadfainn iad d'adhradh. "*The baronet can ca' for aught he needs, but he is not yet quite maister of the accent.*" Nach críonna na meamraim iad so d'Aire Lánchómhachta agus é ag beartú Réabhlóide. Óbhoch ! och ón ! ach, "*'Tis but in vain,*" ⁊rl.

Feabhra 21.—Do cheannuigheas an *Constitution Française* i siopa J. B. Louvet ag an bPalais Royal, agus fuaireas ó láimh a mhná é gur oirdhearc é a clú fé'n ainm Lodoisca. Taithnigheann a hathadh go mór liom. Níl sí dathúil, ach is taithneamhach thar barr í. Is duine aca súd Louvet a chuaidh slán ó'n 31adh lá de Bhealtaine, agus tar éis bheith i bhfad fé cheilt agus míle guais a

chur de, agus gur bhanghaiscidheach Lodoisca le n-a linn sin go léir, d'fhill sé ar thuitim do Robespierre; bhí sé ar an gcéad duine d'fhuagair cáineadh air siúd, agus do ghaibh a ionad arís san gchómhdháil. Tá sé anois 'na dhuine iomráidhteach ar an g*Conseil des Cinq Cent;* coimeádann páipéar ar siubhal: *La Sentinelle*, agus siopa leabhar san bPalais Royal. Is maith liom go bhfeaca Lodoisca: ba mhaith liom go bhfeicfeadh mo ghrádh bán féin í. Is dóigh liom go mbeadh a hiomchur-san chómh cródha céadna i gcúrsaí mar é. Do sheasaimh a misneach agus a gean di tré chúrsaí a bhí beagnach chómh dian leis. Ach, caithfead dul i mbun críoch a chur lem mheamram. N.B. Táthar tar éis breith saortha a thabhairt ar Stone i Sasana agus measaim gur do réir chirt sin. Ní chuirfidh sé choidhche an Thames le toiteán.

Feabhra 22.—Do chuireas críoch lem mheamram agus thugas glanchóib sighnithe do Mhadgett i gcómhair an Aire um Ghnóthaí Iasachta. Sceon tagaithe ar Mhadgett. Adeir sé liom go raibh cómhrádh dhá uair a chluig indé aige leis an Aire agus go mbeidh easnamh mór ar an gcongnamh go raibh súil aige leis, go bhfuil cóir luingseoireachta na Frainnce chómh mór san ar drochaiste ná raghaidh an Rialtas i bhfiúntar mórchabhlaigh agus, d'á dheascaibh sin, go gcaithfimíd bheith sásta le hiarracht gan coinne, go dtiúbhraid siad dhá mhíle de na saighdiúirí is fearr aca agus airm i gcómhair fiche míle; ná féadfaidís Pichegru ná Jourdan a scaoileadh uatha; go dtiúbhraid aon mhéid is áil d'ordnás uatha agus, is dóigh liom adubhairt sé, an méid airgid a theastóchadh. Dubhairt sé, leis, go gcuirfidís daoine cearta ameasc na nÉireannach a bhí 'na bpríosúnaigh cogaidh, chun iad a bhraith; agus iad a mhalartú ar an gcéad chaoi gheobhthaí. B'é mo fhreagradh-sa ar an méid sin uile, agus níor dhíombádhach 'na thaobh mé, maidir le dhá mhíle fear a chur ann go mbeadh fiche duine chómh maith céadna. Maidir liom féin go raghainn-se ann muna mbeadh ag dul ach líon ghárda an chorporail, ach gurbh é mo thuairim gur 5,000 an chuid ba lugha d' fhéadfaí a chur i dtír le aon ionchas buaidhe agus go bhfágfadh an uimhir sin féin an scéal i mbaoghal amhrais; dá mb'fhéidir sluagh neartmhar a chur ann de'n chéad ásc go gclaoidhfeadh sé gach frithiarracht, bheadh an náisiún ar aon aigne agus do seachnóchaí dortadh mór fola agus saidhbhreasa; go mbeadh tuairim an phobail 'na reacht i bhfeidhm láithreach ar thaobh an Rialtais do cuirfaí d'á thoradh san ar bun gan mhoill; agus dheineas a thathant go géar air na buntáistí thiocfadh as an scéal san. Dar liom, bhí a aigne

sásta go raibh sin uile go ceart, ach bhí sé chómh deimhnitheach céadna ná déanfaí é, nó ná féadfaí é.

D'iarras air a thabhairt d'á chuimhne gurbh é an bun a bhí fém bheartú-sa ná an ceapadh go mbeadh congnamh láinneartmhar le fagháil ó thosach ; gur chuireas é sin síos go cruinn im mheamram. agus d'iarras air a chur i n-úil do'n aire gurbh é sin mo thuairim. Mar sin féin go bhféadfaí le 5,000 fear tabhairt fé'n ngnó agus gur cheapas go n-éireochadh leis, ach go mbeadh orainn insan gcás san cath dian a thabhairt ; bíodh go raibh 'fhios agam conus a dhéanfadh an militia agus an t-arm dá dtagadh sluagh neartmhar, ná raghainn i n-iontaoibh a rádh conus d'iomchróchaidís iad féin i gcúrsaí an scéil a bhí sé tar éis a innsint dom ; dá seasuighidís leis an Rialtas, rud ba dhóigh a dhéanfaidís, go mbeadh sé 'na ghnó teasaighe againn ; dá gcuirtaí 5,000 fear ann gur ceart go mb'iad plúr shaighdiúirí na Frainnce iad agus cuid mhaith de lucht ordnáis ortha agus an Taoiseach slógha ab fhearr d'fhéadfaidís a chur ós a gcionn. Do chuir sé stad liom chun a fhiafruighe cia ba mhó do bhí ar aithne i nÉirinn i ndiaidh Pichergu agus Jourdan. Dubhart-sa gur Hoche, go mórmór tar éis gnó Quiberon. Dubhairt sé gur deimhin leis go bhfaghaimís Hoche. Dubhart, leis, dá mba ná cuirfidís ach 5,000 fear ann go mba cheart dóibh níos mó de na hairm a chur uatha mar ná beadh, san gcás san, airm uile na tíre ar ár gcómhairle fé mar bheadh dá bhféadaidís 20,000, nó fiú 15,000 fear, a chur uatha. Dubhart, leis, maidir leis na príosúnaigh chogaidh, gurbh é mo chómhairle daoine cearta a chur 'na measc, ach gan scarúint le duine aca go mbeifaí tar éis dul i dtír agus annsan iad a mhalartú chómh tiugh agus dob fhéidir é. Dubhairt sé go gcuirfeadh sé an méid sin uile i n-úil agus go raibh sé i ndóchas go bhfaghadh sé 15,000 fear ar a luighead, agus cuid níos mó d'airm. Do scaramar annsan.

Anois cad air gur ceart dómh-sa beartú. Cuir i gcás go bhfaghaimís 15,000 fear agus freastal arm do 30, nó fiú 20,000 fear, agus scuain ordnáis. Measaim de'n chéad dul síos gur san Hollainn a caithfar longghabháil a dhéanamh ach, pé scéal é, ní foláir tírghabháil a dhéanamh san Tuaisceart chómh cómhgarach do Bhéal Feirste agus is féidir. Dá bhfaghaimís 20,000 fear, nó fiú 15,000, ó thosach do thosnóchaimís leis an bpríomhchathair agus chuirfeadh a gabháil sin gach ní 'nár seilbh ; ach, fé mar atá, caithfimíd seoladh i gcómhgar do'n ghaoith, a ndubhairt siúd. Le sluagh 5,000 ní mór dúinn eagar réabhlóideach a chur ar an ngnó is baoghal (sé sin le rádh gan

ár muinghin a bheith ach as na *Sans-Culottes*) ; agus, má's riachtanach é, gach fear, gach capall, gach giní agus gach práta i nÉirinn do ghabháil chun fónaimh dúinn féin. Tuigtar dom leis go mb'é rúnchómhairle b'fhearr dúinn ná cath a sheachaint ar dtúis dá dtárluigheadh go leanfadh arm na hÉireann dílis do'n Rialtas. Bheimís ag dul i dtreise agus i smachtoilteacht i n-aghaidh an lae agus thabharfadh sé caoi dhúinn chun sinn féin a chur i bhfeidhm ortha. Táim i n-amhras, go dtí go bhfaghaimís buaidh éigin ar mhachaire catha ná féadfaimís aon dream a chur ar bun d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann a ghairm díobh féin, ach dá bhféadaimís ba thábhachtach thar barr é. *Mo mhallacht ar an dream atá ag trácht ar eagla!* Le sluagh 5,000, agus le gníomhartha diana, d'éireochadh linn fé dheoidh. Níl de dhifridheacht idir an uimhir sin agus 20,000 ach so, dá mbeadh an sluagh mór againn ní bheadh troid ar bith ann ach leis an 5,000 beidh, is dóigh, cómhlann cruaidh colgánta ann. "*Ten thousand hearts are great within my bosom.*" Is dóigh liom go bhfaghad dáréag fear a bhuaidhfidh cáil saighdiúra, Ó, a Dhia Mhóir, a Dhia Mhóir! cad é ná tiúbhrainn anocht ar sinn a bheith i dtír slán agus sinn i bhfoslongphort ar thaobh Binne Mhadagháin. Má fhéadam an bóthar a ghlanadh rómhainn chómh fada san measaim go raghaidh de Sheán Buidhe sinn a ruagadh as. Ní foláir nó déanfam oiread leis na Chouanaigh nó le muinntir La Vendée.

Feabhra 23.—D'fhéachas tré leabhar Phaine, "Age of Reason," cuid a dó. Ráiméis diail. Is í a thagarthacht, gan eisceacht ar bith, an rud is measa a chonnac riamh. Tá sé neamhsshásta leis an gcruth daonna, de bhrí, dar le duine air, nár ceapadh go maith é chun soilgheasa. Tá an riabhach d'éitheach aige. Fiafruigh do Ph.P. nach féidir a bheith fé shárshonas mhór d'aindeoin eire an chrutha san, atá chómh haindeis sin dar le Mr. Paine. B'fhearr liom é do labhairt thar a chionn féin. Is dócha go bhfuil an cruth banda, leis, san áireamh aige. Dar le duine air, tá súil aige bheith sa tsíorraidheacht i bhfuirm peidhleacáin. "*Say, little foolish fluttering thing.*" Mallacht ar a chuid díth céille. 'Sé guidhe mo chroidhe istigh do é bheith 'na pheidhleacán. Fuair sé amach, leis, gur féidir do dhamhán alla é féin a leigean anuas ó'n bhfraigh ar a shnáith féin agus ná féadfadh duine é dhéanamh ; agus sin *Feallsúnacht.* Is dóigh liom go bhfuil Paine tosnaithe ar rámhailligh ; ach mallacht ar a chuid ráiméise, fé mar adubhart go láinbhriathrach cheana, agus téighim-se i mbun mo ghnótha.

Caithfead anois mo thagraí creidiúna féin a scríobhadh do Rialtas na Frainnce. Is ciotach an gnó ar aoinne stocaireacht a dhéanamh air féin, ach caithfear é dhéanamh agus, "*'Tis but in vain,*" ⁊*rl.* Is mórthairbheach an t-aithfhriotal é sin agus tá caitheamh ann mar bheadh i gcruadhaigh, agus tá mo bhuidheachas ar a shon, agus ar son a lán de nathanna tagartha, gasta, eile, ag dul dom charaid P.P. Ag tagairt do-san ní raibh oiread gábhaidh riamh agam le coidreamh, le congnamh, le cómhairle agus le caondúthracht an Ph.P. céadna agus mar atá an nóimeat so. Tá obair cuibheasach tábhachtach idir lámha agam agus mé fé chúram throm 'na thaobh, agus féach annso me im aonar i lár cathrach so Pharis gan Críostaidhe an Luain chun dul i gcómhairle ná chun cainnte leis, agus gan de thaca agam, go dearbhtha deimhin, ach rún chun maitheasa. Och! och! ach do'n donas leis an eagla! "*'Tis but in vain for soldiers to complain.*"

Lá greithleáin. Do chuas d'fhiosrú Mhadgett chun a mhíniú dho gach aon ní d'á ndubhart leis i dtaobh aon chabhrach go mbeifaí ag súil leis ó mhuinntir na hÉireann, agus i dtaobh iomchuir an airm ann, go ndubhart ar an dtuigsint é go gcuirfaí sluagh neartmhar i dtír de'n chéad iarracht. Do bhí san curtha 'na luighe agam air ó indé ach ní féidir dom é dhéanamh ró shoiléir ar mhaithe lem chreidiúint féin. Is é mo theoiric-se go cumair dá mbeadh fiche míle fear againn ná déanfaí seasamh uair a chluig 'nár gcoinnibh, agus thosnóchaimís leis an bpríomhchathair; le cúig míle fear ní bheinn i n-aon amhras ná go n-éireochadh linn ach má 'seadh bheadh súil le roinn troda againn agus thosnóchaimís i n-aice le Béal Feirste. Le dhá mhíle fear níl san ngnó, measaim, ach barr donais, óir téighidís i dtír 'na rogha áit do claoidhfaí thar fóir iad sula bhféadadh aoinne ceangal leo nó, le fírinne, sula bhfaghadh an pobal fios go rabhadar tagaithe ar aon chor. Ní bheadh ann ach dála Quiberón eile i nÉirinn, agus ní thiocfadh de ach é bheith 'na ghaiste ar tí a marbhaithe do mhuinntir chalma mhí-ádhmharaigh mo thíre, agus tá a fhios ag Dia nach mian liom go dtiocfadh a milleadh siúd tríom-sa. Mar sin féin, arsa mise, ag cur críche leis an scéal, má cuirtar dáréag fear agus sáirsint ann, raghad-sa leo ach ba mhaith liom, ar eagla go dteipfeadh ar an iarracht go mbeadh fios mo thuairime aca agus ná féadfaí a chur im leit-se, nár innseas an fhírinne dhóibh. D'aontuigh sé le gach focal dem chainnt agus d'iarr orm cuid de a chur im leitir chun an Aire. Do gheall sé leis, go diongbhálta go gcuirfaí leitir ó'n oifig chó'r go dtí Guise d'iarraidh

scéala i dtaobh Mr. Uiliam Brown (mo dheartháir Maitiú). Deir sé liom gur socruigheadh um Lá Bealtaine so caithte go gcuirfaí órdú amach chun súd a scaoileadh. Má fhéadaimíd an Mr. Brown úd d'fhagháil b'fhéidir go mbainfaí áis mhór as ameasc na bpríosúnach cogaidh óir tá saighdiúirí agus mairnéalaigh ó Éirinn ortha. Ní rabhas ró dhian ag cur tuairisce 'na thaobh ortha, fé mar dob fhonn liom, ar eagla go gceapfaí gur mhó agam mian mo chroidhe féin ná an gnó poiblidhe atá 'na chúram orm agus a fhios ag Dia, agus ag mo chéile grádha, nach mar sin atá.

Do cheileabhras do Mhadgett, duine *macánta* é measaim, agus é lag dar liom, agus chuas go Monroe. Do glacadh go fónta liom, Tá frithscríobhadh déanta aige ar mo leitir agus labhair sé gan scoth, Do chuireas i n-úil do gur thuigeas go raibh deacraí ag baint leis an ionad 'na raibh sé féin agus d'á bhrí sin nárbh áil liom bheith ag tathant aon eolais air, im thaobh féin ná i dtaobh mo ghnótha, ach mar a thaithneochadh leis féin. Dubhairt sé gur shásaimh na leitreacha é, go mórmór an ceann ó Hamilton Ó Ruadháin, duine gur thagair sé le hómós mór dó, agus de bhrí nach san rud a chloisfeadh sé ach insan rud a dhéanfadh sé a bheadh sé freagarthach, nár mhiste dhom mo rogha rud' a rádh. Do nochtas m' aigne ar fad annsan do, gan cheilt ar bith, agus thugas fios go mionchruinn do i dtaobh conus mar bhí cúrsaí, agus fios fátha an eolais a fuaireas de bhrí an ionaid a bhí agam. D'innseas, leis, do cad a bhí déanta agam go dtí san. Seo brí na cainnte dubhairt sé liom annsan: "Caithfir atharrach slí a tharrang chugat; níl amhras ar bith agam i dtaobh ionnraiceas agus dílse an Aire De La Croix ná Mhadgett féin; duine atá macánta é, measaim. Ach ar aon chuma is ró íochtarach an dream iad chun gnótha dhéanamh leo agus, fós, ní leigfidh a bhaothuaill do Mhadgett gan cogar éigin de'n scéal atá ar siubhal a leigean uaidh d'fhonn creidiúint a tharrang do féin i dtuairim cuid de mhuinntir a dhúthaighe, atá annso i riocht lucht tírghrádha, agus nach ró mhór an meas atá agam ar an ionnraiceas atá ionnta munab ionann agus eisean. Téirigh láithreach go dtí an Directoire Exécutif agus éilimh go dtiúbharthaí éisteacht duit; tabhair fios do scéil dóibh agus maidir liom-sa, ní miste dhuit dul chómh fada lem ainm a luadh leo mar urradh le fírinne an ruda a chuirfir 'na láthair; agus féadfair a chur leis sin, go bhfuil cúis agat a cheapadh ná fuilim-se gan eolas ar bhrí do ghnótha-sa." Do luadhas Carnot, gurbh aithnid dúinn a chlú le fada agus a bhí, mar thuigeas, iniúil ar Bhéarla a labhairt. Dubhairt sé "ná fuil a shárú ann agus go

labhrann La Reveilliere Lepaux, leis, Béarla ; go ndéanfadh aoinne aca an gnó." Dubhart annsan go rabhas i n-amhras, toisc mé do bheith cheana ar láimh ag Charles De La Croix, go mb'fhéidir go mbeadh roinnt de mhíbhéas ann dom mé do dhul cruinn díreach go dtí an Directoire Exécutif, agus má b'amhlaidh é, nár dhóigh leis go mba cheataighe dhom é. B'é a fhreagradh orm " Ná beadh a bheag ; i n-a ghnóthaí féin gurbh é De La Croix an duine dlisteanach do chun dul chuige, ach d'á aindeoin sin nuair a bhíodh aon ghnó tábhachtach le déanamh aige go dtéigheadh cruinn díreach go ceann sprice leis." Annsan ghaibh sé ag rádh, ar a dtáinig d'athraithe san bhFrainnc ná raibh riamh i gceannas ann aon ghasra fear ba mhó éifeacht agus ionnraiceas ná an dream a bhí fé láthair ann ; gur cháirde dílse do'n tsaoirse agus do'n cheart iad agus ná raibh aon chlaonadh ionnta chun forghabháltais ; agus, d'á bhrí sin, dá ngabhaidís le gnó na hÉireann de thoradh mo shaothair-se go bhfaghainn go comhthrom, fírinneach iad ; nach é amháin an Rialtas a bhí go fíochmhar i n-earraid le Sasana ach go raibh an pobal uile amhlaidh, agus go raibh aon ní amháin go mbeadh gach dream go mór ar a thaobh, 'sé sin aon iarracht a beartóchaí chun a neart súd a luigheadú.

Do cheistigh sé annsin go géar mé i dtaobh aiste na hÉireann agus thugas lánchúntas do 'na thaobh chómh fada agus dob fhéidir liom é, agus ar deireadh réidhtigheamar go raghainn-se go dána amáireach go dtí an Luxembourg agus go n-éileochainn cead agallaimh le Carnot nó La Reveilliére Lepaux. Adeir Monroe liom (mar d'fhiafruigheas é) go bhfuil Barére fós san bhFrainnc agus, dar leis, ní raibh le himeacht aisti. Dubhart leis go dtaithneochadh Barére go mór i nÉirinn leo mar fhear ionaid i dteannta an airm. B'é a fhreagradh air sin nárbh iongnadh ar aon chor leis dá mb' amhlaidh a bheadh ; ná molfadh sé dhom ainm Barére a theilgean d'urchar chuca, ach nár mhiste é luadh nuair a gheobhainn an chaoi. Dubhart go raibh sé de bhuaidh ag Barére cuid de na hóráidí a dhéanamh ba bhreághtha d'á ndearnadh i láthair na cómhdhála agus go dtug san aithne mhaith againn-ne air, agus ar chuma go raibh na daoine dulta i dtaithighe bheith ag samhlú Bharére agus na buaidhe le 'chéile, agus d'á luighead de rud é sin gur ní tábhachtach é. Is maith liom go mór ná fuil mo dhuine cumainn Barére i n-aon bhaoghal. Dob iongantach ar fad an scéal é dá mba trém bhíthin-se a bainfaí feidhm athuair, ar mhaithe leis an saoirse, as na tallanna atá aige. Do bhí deaghthuairim agam i gcómhnaidhe

dho. Adeir M. liom gurab é fáth an neamhmuinnteardhais atá idir Phichegru agus an Rialtas ná go gceaptar go bhfuil baint ró mhór aige leis an dream Modérés. Taithnigheann an scéal san liom, ní toisc an neamhmuinnteardhais a bheith ann é, ach toisc nach de'n dream san an Rialtas. Do thráchtamar ar cúlmhaoin na Frainnce agus Shasana. Do luadhas-sa mo thuairim go raibh aon tseift amháin ag an bhFrainnc agus, luath nó mall, go gcaithfeadh sí é dhéanamh, agus d'á luaithe gurbh eadh b'fhearr, agus b'é ní é sin bainncchliseadh ; go bhféadfadh sí gabháil ar aghaidh annsan, leis an gcúlmhaoin ollda atá aici, i n-aghaidh Shasana, atá go tuisleánach fé ualach cheithre céad milliún fiach. Do chroith Monroe lámh liom agus ar sé, " d'aimsighis é, agus ní miste liom a rádh leat gur rud é go bhfuiltar ceapaithe ar a dhéanamh." Má's amhlaidh a bheidh, fainic thú féin, a Mhr. Seán Buidhe. "*Look to your house, your daughter and your ducats.*" Do cheileabhras do Mhonroe. Taithnigheann sé go mór liom. Tá fírinne fíor-phoblachtaidhe ag baint leis, atá inspéiseach thar meon.

Agus anois nach deas an diúlach mise le dul go dtí an Directoire Exécutif. Is aisteach go gcuirfaí duine chómh beag iomrádh i n-ionad d'á leithéid. Ní mheasaim gur tré bhaothuaill ionnam féin atáim ag scríobhadh na meanram so, agus do bheirim Dia i bhfianaise ar ionnraice an chuspa atá agam, agus ar a dhíoghraisighe a dhéanfad dícheall chun gabháil tríd an ngnó deacrach leochaileach so. Tá súil agam ná tiocfaidh milleadh ar chúis uasal tré aon laige ná aon mhídhiscréid agam-sa. Maidir lem mhacántacht is féidir dom féin dul i n-urraidheacht air sin. Cad a dhéanfad i n-uireas-bhaidh Ph.P. Díth thar fóir dom iseadh mé bheith gan chómhairle ná furtacht uaidh. 'Seadh, má castar le 'chéile choidhche sinn bainfidh sé gáire as na breabhda so a léigheadh ; ach is giolla le hábhacht é, agus mar sin " *'Tis but in vain,*" *7rl.*

XIX

AGALLAMH LE CARNOT

1796—Feabhra 23 go Márta 13.

Tone do dhul i bhfianaise Charnot. "Timthire na Buaidhe." Cómhrádh le Carnot. Tone do chur síos ar aiste na hÉireann do agus ar an gcabhair a bhítheas a iarraidh. Cuireadh ó Charnot teacht chuige arís. Tone go soimheanmnach. Duchett i dtigh De La Croix. Cómharthaí creidiúna. Cómhrádh le De La Croix i dtaobh méid na cabhrach ba ghábhadh. Teacht thar Éireannaigh i gcabhlach cogaidh Shasana. Tone go dóchasach go ndéanfaí rud éigin. Moill ar aistriúchán ag Madgett. Scéal ar bhás Mhajor Sweetman. Cuaird ar áiteanna iomráidhteacha i bParis. Diospóireacht le De La Croix tar éis léigheadh na meamram. Ceist toscaire le cur go hÉirinn. An Opera—" Serment de la liberté."

Feabhra 24.—Do chuas ar a dódhéag a chlog, fé anaithe, go dtí an Luxembourg agus mé ag cleachtadh óráidí breall adhona ar feadh na slí. Cad déarfad le Carnot? 'Seadh, "*cibé ní a chuirfidh an Tighearna im bhéal, gurab é sin go dearbhtha adéarfad.*" Thugas greasacht ar mo mheanmain nuair a bhíos ag tarrang ar an bpálás agus chuireas na staighrí anáirde dhíom ar nós an leomhain. Isteach liom san gcéad sheomra a fuaireas ar oscailt agus d'éiligheas láithreach Carnot d'fheicsint. Tháinig iarracht de ghleamshúilighe ar na cléirigh, ach dheineas an t-aithéileamh go misniúil fíorlaochda. Agus leis sin ghéilleadar ar an dtoirt agus chuireadar duine am thionnlacan. Thárlaidh gurbh é seo a lá éisteachta, nós atá ag na hAirí a dhéanamh ag uanaidheacht ar a chéile. Do sheol m'fhear tionnlacan mé go dtí an seomra feithmhe a bhí lán de dhaoine agus na hoifigigh stáit agus a gculaithéidí nua ortha uile. Mé do scríobhadh líne i mBéarla agus d'á thabhairt do dhuine de na heachlaigh urláir d'á rádh go mba mhaith le coigcríochach, a bhí tagaithe go deireannach ó America, cainnt a dhéanamh leis an gcathardhach Carnot i dtaobh gnó thábhachtaigh. Thug sé freagradh chugam i gcionn dá nóimeat go bhfaghainn éisteacht. Do hoscluigheadh na dóirse filleacháin annsan agus do fógruigheadh le bualadh

cluig roimhe sin, do gach aoinne go raibh gnó aige, teacht do láthair. Do ghluais an cathardhach Carnot amach gléasta i *bpetit costume* de'n bhántsról agus róba cróidhearg fé ghréasórnáid shaidhbhir. Is rímhaisiúil é agus é ar aon dul beagnach le culaithghléas Van-dyk. Do ghaibh sé timcheall an tseomra ag glacadh páipéar agus ag tabhairt freagraí ar dhaoine a labhradh leis. Dubhart lem charaid, an t-eachlach urláir, i bhFrainncis sáiriongantaigh, go raibh mo ghnó-sa ró thábhachtach chun é dhéanamh ar an láthair sin agus go bhfillfinn lá eile nuair nár lá éistithe ag Carnot é, agus i dtráth dar liom go bhfaghainn ar a shocracht é. Dubhairt sé an méid sin le Carnot agus d'órduigh seisean láithreach mé bhreith isteach go dtí seomra laistigh agus go bhfeicfeadh sé mé chómh luath agus bheadh an éisteacht i leathtaoibh. Do bhí deallramh maith ar an scéal san mheasas agus do chromas d'á réir sin ar m'óráid a chleachtadh arís. Do bhí san tseomra cúigear nó seisear, daoine le tábhacht ar mo nós féin, gur ceaduigheadh chun cómhráidh príobháidigh iad. Do leigeas dóibh uile dul rómham óir theastuigh uaim go mbeadh Carnot chun mo thola agam, agus an fhaid a bhíodar-san duine ar dhuine ag cainnt leis ní fhéadainn gan a thabhairt chun mo chuimhne a mhinice a bhínn a cheapadh go mba mhaith liom go mbeadh agam an chaoi seo a bhí anois agam; cad iad na nithe a bheartuighinn, cad iad na cúrsaí baoghail go raibh gabhtha agam tríotha, agus nuair d'fhéachas tharm agus go bhfeaca go rabhas dáiríribh i n-Árus Árdchómhairle an Rialtais, mé ós coinne Charnot, *timthire na buaidhe*, ní mór gur ghéilleas do radharc mo shúl, agus bhraitheas ná raibh ann go léir ach taidh-bhreamh. Ní raibh aon mhearbhall aigne orm, agus nuair a chuas féin do láthair tar éis an chuid eile bheith imithe bhí seilbh pé céadfadh a bhí agam chómh daingean agam agus bhí aon uair dem shaoghal. Cad chuige dhom tagairt do mhionrudaí de'n chinéal so? 'Sé is fáth leis ná ceapfaidh an té go bhfuilim 'ghá scríobhadh so 'na cómhair gur aon mhionrudaí iad. Do chuireas-sa tús leis an gcainnt le n-a rádh dhom, i bhFrainncis urghránna, gur hinnseadh dom go raibh labhairt an Bhéarla aige. "Beagán, a dhuine chóir, ach tugaim fé ndeara go labhrann tusa Frainncis agus má's é do thoil é, labharfam san teangain sin." Do fhreagruigheas arís, im fhuta-fata féin fós, dá mbeadh sé d'fhoidhne ann fulang liom go dtiubhrainn iarracht air, agus d'iarras air mé do stad pé uair ná tuigfeadh sé mé.

D'innseas annsan do gurbh Éireannach mé; go rabhas tráth im

rúnaidhe agus im fheadhmannach ag Catoilicigh na tíre sin agus gurbh é a líon san tuairim 3,000,000 daoine, go rabhas farais sin go láineolach ar aigne na nDí-aontach go raibh 900,000 dhíobh ann, agus go mba mhaith liom fios scéil a thabhairt do i dtaobh aiste na hÉireann fé láthair. Do stad sé annsan mé chun a rádh go raibh amhras aige ná raibh na huimhreacha chómh mór agus dubhart-sa iad a bheith. Do fhreagruigheas agus dubhart go ndearnadh áireamh le roinnt bhlian anuas, do réir an méid tighthe bhí ann, ar mhaithe le cúrsaí a bhain le cánaidheacht, agus do réir an áirimh sin gurbh é líon daoine na hÉireann ná 4,100,000, agus gur géilleadh gur lugha san ná an uimhir cheart. Do thaidhsigh sé gur chuir san beagán iongnadh air agus do leanas orm 'ghá innsint go raibh na daoine sin uile ar aon aigne combáidhe leis an bhFrainnc, agus iad fonnmhar chun smacht Shasana a chaitheamh díobh. D'fhiafruigh annsan cad a theastuigh uatha. " Sluaghairm láidir mar thosnú," arsa mise, " a bheadh mar *phoint d'appui* nó go bhféadfaidís iad féin a chóiriú, agus gan aon amhras theastóchadh leorchuid arm agus roinnt airgid." Dubhart, leis, go raibh meamram curtha isteach agam cheana i dtaobh an ghnótha go dtí an Aire le Gnóthaí Coigcríoch, agus go raibh ceann eile d'á ullmhú agam a léireochadh do go mionchruinn gach eolas a bhí agam ar an scéal níos fearr ná d'fhéadfainn é dhéanamh i gcainnt. Ar seisean annsan " Chífimíd na meamraim sin." Do chrom Timthire na Buaidhe annsan ar cheist a chur orm "Ná raibh daingne cosanta in Éirinn ?" Dubhart nárbh eol dom aon chuid aca ach roinnt oibreacha bhí mar chosaint ar chuan Chorcaighe. Do stop sé annso mé 'ghá rádh dho " Aighe, Corcaigh ! ach nach gábhadh, b'fhéidir, dul i dtír annsúd ? " Do bhaineas de bhrí as an méid sin go raibh sé féin ag déanamh beagán timthireachta cheana 'na aigne féin. Dubhart-sa nár dhóigh liom san. Dá dtéightaí i dtír le sluagh neartmhar gur i n-aice na príomhchathrach dob fhearr dul, agus go raibh fátha soiléire leis sin. Dá dtéightaí le harmáil bhig gurbh fhearr dul thuaidh ná dul theas i nÉirinn ar fátha bhí curtha síos agam im chuid meamram. D'fhiafruigh sé annsan díom " Ná beadh baoghal nó moill i n-eachtra fada luingseoireachta ? " Dubhart-sa ná beadh de dhifridheacht ann ach dhá lá, agus nach curtha i gcomórtas é sin leis na buntáistí thiocfadh de. D'innseas annsan do go rabhas tagaithe do'n Fhrainnc le hórdú agus le toil na bhfear ba—(agus bhíos annso ar uireasbhaidh an fhocail Fhrainncise, agus dubhairt sé féin dom é nuair a chonnaic sé go rabhas teanntaithe) threoraithe do'n dá

dhream mhóra a bhí luaidhte agam. Do chuir san i n-úil dom go raibh sé ag cur spéise ionnam agus gur thuig sé mé. Dubhart, leis, go ndeaghas san Lughnas roimhe sin ós cómhair an chathardhaigh Adet i bhPhiladelphia, agus go dtugas do-san na teastasaí creidiúna a bhí agam; nár tuigeadh do súd an uair sin gur chóir dom féin teacht ach gur gheall dom go gcuirfeadh sé meamram chun cinn agus go dtugas san do. Timcheall deireadh míosa Samhna so caithte go bhfuaireas leitreacha óm cháirde i nÉirinn d'á rádh liom athuair, má bhí sé im chumas, an Fhrainnc a bhaint amach cóir-máir, agus eolas ar aiste na hÉireann a chur fé bhrághaid an Rialtais. D'á bhrí sin go ndeaghas arís ag triall ar an gcathardhach Adet, gur bhraitheas fonnmhar é chun cuidithe liom, gur tharraing sé leitir dom do'n Directoire Exécutif agus gur ghlacas léi go buidheach, gur sheolas ó America ar an gcéad luing a fuaireas, agus go rabhas tagaithe coighcíos, go dtugas mo leitir d' Aire na nGnóthaí Coigcríoch a órduigh dom fios mo scéil d'innsint gan cheilt do'n chathardhach Madgett, agus go ndearna d'á réir. Ar a chómhairle sin gur scríobhas meamram ar dhearbhaiste na hÉireann agus gur chuireas isteach é, agus go rabhas ar láthair na huaire sin ag obair ar cheann eile agus go mbeadh iomláine an scéil uile annsan. Dubhart go raibh áirdmheas agam ar an Aire, agus maidir le Madgett ná raibh cúis ar bith agam le haon amhras a bheith agam 'na thaobh, ach mar sin féin nár mhór cead a bheith dhom a rádh go raibh an gnó im thuairim-se, 'na ghnó ró thábhachtach le cur ar aon *chommis* le déanamh. Nár dhóigh liom go mbeadh mo dhualgas do'n Fhrainnc ná d'Éirinn cóimhlíonta agam dá leiginn le faillighe aon ní a chuirfeadh aire ag an Árdchómhairle ar aiste na dara tíre aca; agus, d'á dheascaibh sin, go ndearna de dhánaidheacht air teacht 'na láthair chun a impidhe air suim a chur insna nithe do bhí curtha síos agam im dhá mheamram. Go mbeinn chómh dána agus go n-iarrfainn dá dtagadh aon amhras ná aon deacair 'na aigne é bheith de mhaitheas ann cead a thabhairt dómh-sa an scéal a léiriú. Agus mar chríochnú dubhart gur mhaith an tuar liom é gur ceaduigheadh dom cainnt a dhéanamh leis féin mar go raibh seanaithne ar a cháil i nÉirinn agus gurbh é duine é thar gach n-aon eile gur luaidh mo cháirde é. Do bhain sé crothadh as a cheann agus mhuidh gean gáire air, fé mar bheadh díchreideamh beag aige ionnam. Do dheimhnigheas do gur mar sin a bhí agus mar fhianaise air sin d'innseas gurbh eol dúinn uile i nÉirinn trí bliana ó shin go bhféadfadh sé Béarla do labhairt, scéal a thaithnigh leis dar liom.

D'éirigheas annsan agus tar éis an gnáithcheada a ghabháil leis d'fhágas slán aige, ach is ar éigean go raibh an seomra feithmhe curtha agam díom nuair tháinig rud le tábhacht i gcuimhre dhom. Dob é é ná raibh innste agam do cia hé, ach amháin céard é, mé féin. Do bhíos, d'á bhrí sin, ag filleadh thar n-ais nuair do stad an foraire mé agus d'éilimh mo chárta, ach tháinig mo leannán an t-eachlach úrláir agus scaoil ó'n ngreim sin mé agus leig isteach arís mé. Dubhart annsan le Carnot, maidir le fios mo chéime, mo chreidiúna agus an post a bhí agam i nÉirinn, go luadhfainn do le n-a chead ainm Shéamais Mhonroe an Taidhleoir Americánach. Cheapas air go ndeaghaidh san i bhfeidhm air agus annsan, de'n chéad uair, d'fhiosruigh sé fios m'ainme. Dubhart leis go raibh go dearbhtha dhá ainm orm, m'ainm díleas agus an ceann eile fé n-a ngluaisighinn, agus bhí im leith ar mo phas taistil. Rugas annsan ar ghiota páipéir agus scríobhas an ainm " James Smith, citoyen Americain," agus thíos fé sin " Theobald Wolfe Tone," agus shíneas chuige é agus dubhart leis gurbh é an ceann íochtarach m'ainm dhíleas. Rug sé ar an bpáipéar agus d'fhéach air " Há ! Theobald Wolfe Tone," ar sé agus gotha duine air a bheadh díreach tar éis cuimhneamh ar rud éigin, agus gur tuar ar nithe fónta, measaim, an gníomh beag san. Dubhart annsan leis go gcríochnóchainn mo mheamram chómh luath agus d'fhéadfainn agus go raibh súil agam go gceadóchadh sé dhom i gcionn roinn laethe teacht ag triall air arís. " Tar agus fáilte," ar sé am fhreagairt, agus mar sin d'fhágas slán aige.

Sin tuairisc iomlán fírinneach ar an gcéad agallamh a dheineas le hÁrdchómhairle Rialtais na Frainnce i bpearsain an chathardhaigh Carnot, timthire na buaidhe. Measaim gur éirigh liom go geal. Cad é is dóigh liom de seo go léir ? Níor bhuail fós liom deacair ná cosc ná aon rud chun droichmhisneach a chur orm, ach tá mian mo thíre d'fhuascailt 'na phaiseon chómh tréan ionnam, agus oiread sin fuatha agus gráine agam d'ainm Shasana ná fuil iontaoibh as mo bhreithiúntas agam ar eagla a thaidhseamh dom deallramh ró gheal a bheith ar rudaí. Tá súil agam go bhfuil mo dhualgas d'á chóimhlíonadh agam. Is iarracht dána é, tar éis gach ní, má éirigheann leis agus mo thaidhreamh a theacht i gcrích —Husá ! *Vive la République*. Is deas an diúlach mise chun eadarghnó a chur ar siubhal le hÁrdchómhairle na Frainnce, chun ríflaitheas a leagadh ar lár agus poblacht a chur ar bun, chun briseadh a dhéanamh ar cheangal sé chéad bliain d'aois, agus chun

caradas a shnaidhmeadh le tír eile. "*By'r lakin, a parlous fear.*' Cad déarfadh mo sheanchara Mac Giobúin dá léigheadh sé na meamraim seo? "*He called me dog before he had a cause.*" Is cuimhin liom go n-abruigheadh sé gur nathairnimhe i mbrollach na hÉireann mé. Anois ó táim i bParis déarfad leis go dtug sé a éitheach agus gur fearr d'Éireannach mé ná eisean agus a ghrathain cladhairí go léir agus ná an dream atá 'na aghaidh *mar 'dheadh.*

Ach níl san méid seo ach caisleáin aeir. Do chuireas críoch lem mheamram le tabhairt do'n Aire—Níl eile ar siubhal agam ach *Aire* agus *Directoire Exécutif* agus *meamraim réabhlóide.* 'Seadh agus ní labharfadh mo chara an Pluncéadach (ach maithim do ó chroidhe), ná mo chara MagAoidh, nár mhaitheas fós do, liom i nÉirinn toisc gur phoblachtaidhe mé. Le bheith thíos nó thuas dom, táim i n-ionad chómh hárd le haoinne aca indiu. An tráth ba mheasa bhí rudaí bhí dóchas ag mo charaid aosta an sean-Chaptaen Ruiséallach asam. Husá! Thabharfainn cúig louis d'ór ar chómhrádh aon lae a dhéanamh le P.P. Cad a dhéanfad de cheal a chómhairle agus a chonganta. Ní headh ná tuigim go bhfuil ag éirighe liom maith go leor, im aonar ar fad dom, gan aon pháipéir, ná aoinne agam chun cómhairle ná treorú chur orm, agus mé ag cur déistine ar chluasa cách leis an mbéarlagar uathmhar a labhraim agus le ceart nach teanga i n-aon chor í. Chítar dom go bhfuil tallanna breághtha chun taidhleoireachta ionnam, agus tá sé de dhóchas agam leis an aimsir go bhfaghad caoi chun mo thallanna mileata a thaispeáint, agus a léiriú nach fearr i seomra na cómhairle mé ná ar pháirc an áir. Is dona an ráiméis í seo ach bainfidh sí gáire as mo chéile grádha, agus taithneochaidh sí le P.P. Caith-fead a chur le hiris an lae seo, maraon lem charaid Carnot go bhfeaca indé ag an Luxembourg na cathardhaigh Letourneur, an tUachtarán, Barras agus La Reveilliere Lepaux. Tá deallramh an tsaighdiúra ar Bharras agus chuir sé Séamas Bramston i gcuimhne dhom. Tá an-dheallramh ag La Reveilliere leis an Dr. Ó Cearnaigh.

Mem: Do chonnac beirt *poissardes* d'á leigean chun cainnte le Carnot; thug sé airgead dóibh, agus b'éigean d'oifigeach ceannais fé éide fanúint le n-a thráth féin. Ó dhe! dhe! an mbeidh críoch go deo agam lem mheamram? Ach nuair a thosnuighim ar na meabhracháin so a chur síos braithim díreach fé mar bheinn ag cainnt lem mhúirnín agus ná feadar cathain cá stadfainn. Dála an scéil tá roinnt mhaith tóirtéise i n-iris an lae so. Ná bac san, ní bhfaghaidh aoinne fios scéil air, agus daoine ba chríonna ná mé,

dá n-abruighidís fírinne, bheadh iarracht d'éirghe-anáirde ortha dá mbeidís im chás ; féach mé ar ruagairt óm thír i leith bheith im thréatóir, mé im chómhnaidhe fé bheagiomrádh i nAmerica im dhíbearthach, agus gabháil liom san bhFrainnc ag an Árdchomhairle Rialaithe im Thaidhleóir beagnach ! 'Seadh, tagann an chré bhuidhe aníos ! tá éirghe-anáirde an diabhail orm agus rud amháin fé ndeara dhom bheith ag mianú Ph.P. a bheith agam (gan tairbhe a chómhairle d'áireamh) iseadh go gcuirfinn i n-úil do an ríméad atá orm ó'n tslí 'na bhfuil an scéal fé láthair agam. Tá 'fhios agam a fheabhas a thaithneochadh sé leis agus connus mar a dhéanfadh sé maoidheamh as a ghéaraidheacht féin, mar go mbíodh éachta móra riamh d'á thairngir aige dhom. Do bhíodh go dearbhtha ; ach an bhfíorfar choidhche iad ? 'Seadh, munab éirghe-anáirde é seo go léir, cad é eile iseadh ? Ach ní heolach aoinne air agus mar sin raghad agus críochnóchad mo mheamram. Gabhann : "*Allons, enfants de la patrie*," ⁊rl.

Feabhra 25.—An dréacht de'n dara meamram do chríochnú dhom agus a léigheadh fara Madgett.

Feabhra 26.—Do chríochnuigheas an mhaidean so gnó anacair, sé sin le rádh scríobhas leitir fhada go dtí an tAire im thaobh féin ar fad ; cuibhe an gnó do Thaidhleoir a theastasaí creidiúna féin a cheapadh ! Ba mhór an obair a bhí orm mar is mé féin a leag amach rómham í. Do léigheas tríd síos go cúramach é ; gach focal fíor gan aon scailéathan. Do chinneas ar dhul láithreach go dtí an tAire agus mo leitir a thabhairt do, mar a dhéanfadh fír-Éireannach, dem láimh féin. Do chuas go dtí n-a theach, chonnac Lamare, an rúnaidhe, agus chuireas isteach é chun éisteacht d'iarraidh dom. D'fhill Lamare le scéala go raibh an tAire i mbun cúraim le Neri Corsíní, an Taidhleoir ó Árddiúic na Tuscaine, agus go mbeadh caoi labhartha agam leis chómh luath agus bheadh sé réidh. D'fhanas, d'á bhrí sin, san tseomra feithmhe. Tháinig duine isteach agus tar éis tamall a thabhairt ag gliúcghaill do tharraing amach páipéar Sasanach agus do chrom ar a léigheadh. Do bhíos-sa ag féachaint air le neamhshuim rómhór, díreach amhail agus dá mba chaibidil de'n Chórán a bheadh d'á léigheadh aige. Ar cheap an diúlach go ngabhfaí san tsórt san lín me. Tar éis Neri Corsini d'imeacht do beireadh isteach mise agus d'fhágas mo dhuine san tseomra feithmhe ag iniúchadh a pháipéir. Dob é céad ní adubhart leis an Aire, d'aindeoin gurbh é díogh na Frainncise bhí agam, go raghainn, le n-a chead, i gcomaoin a chuid foidhne ar

feadh tamaillín (bíodh a fhios feasta gur ar son mo mhná, gur mó liom í míle uair ná an saoghal go léir, atáim ag scríobhadh chómh mionchruinn seo; mar gach ní d'á luighead im thaobh-sa, is tábhachtach aici sin é). D'innseas dó, do réir mar órduigh sé dhom, go raibh an meamram ar aiste na hÉireann críochnaithe agam, go raibh sé tugtha agam do Mhadgett agus go raibh dréacht ar cheann eile tarraingthe agam, a chuirfinn isteach lá ar n-a mháireach, i dtaobh na meon ba riachtanach chun cuspa mór mo thurais a chur chun cinn, is é sin Éire do dheighilt ó Shasana agus poblacht neimhspleádhach a dhéanamh di i gceangal cáirdeasa leis an bhFrainnc. Do chuir De La Croix isteach orm annsan, 'ghá rádh dho go bhféaduinn deimhin a dhéanamh de ná raibh aon ní eile ba thaithneamhaighe le croidhe Árdchómhairle an Rialtais ; go raibh an gnó san ar láthair na huaire sin fé n-a mbrághaid agus ná fágfaidís aon áis, go lán a gcumais, gan a fhéachaint chun é thabhairt i gcrích. Agus dubhairt sé arís le díoghrais " nár mhiste dhom bheith deimhnitheach de." Ba láidir an chainnt í sin ó dhuine 'na ionad súd. Dubhart-sa annsan gur chuir an méid sin eolais áthas croidhe orm, ní headh amháin ar son mo thíre féin ach ar son na Frainnce, mar nár lugha imnidhe bhí uirthi sin i dtaobh saoirse d'Éirinn ná an imnidhe bhí ar Éirinn féin. Ar seisean am fhreagairt, " Is eol dúinn é sin go cruinn ; agus, maidir liom féin, do bheirim deimhin duit, ar mhaithe leis an dá thír, agus ar mhaithe leis an saoirse agus an daonnacht, nach miste dhuit bheith ag braith ar mo chongnamh lánchroidhe-se le haon iarracht a chabhróchadh leis sin a thabhairt i gcrích."

Do tharraingigheas anuas annsan an gnó a thug chuige mé, sé sin mo chómharthaí creidiúna. D'innseas chómh hathchumair agus d'fhéadas é, cad é an feadhmanas 'na rabhas i nÉirinn, agus dubhart go rabhas tar éis roinnt rudaí a bhreacadh ar pháipéar, ní a thugas do ; agus maidir lem chreidiúint nó lem fhírinne ná raibh aige ach an scéal a chur fé bhrághaid Shéamais Monroe, a thug cead dom a ainm a luadhadh, mar dheimhniú ar m'ionnraiceas. Dubhairt sé nár ghábhadh é agus, maidir le dul go dtí Monroe, nár mhaith leis aon ní a dhéanamh i dtaobh an ghnótha a tharraingeochadh aon bhaoghal scéithte d'á luighead ar an scéal ; gurbh é Madgett an t-aon duine ar bith gur leig sé cogar an ghnótha leis ; go raibh a phríomhrúnaidhe, agus na daoine ba mhó a bhí i gcómhrún leis, i n-aineolas air, agus mhol sé dhómh-sa bheith chómh haireach céadna. Do dheimhnigheas do, fé mar bhí, go rabhas go rí-aireach orm féin, nárbh aithnid dom duine i bParis agus nár chás liom san ; ná

dearna aon cheangal cáirdeasa agus ná raibh fonn orm a dhéanamh; gurbh é brí an scéil agam é go raibh beartaithe agam d'aon ghnó gan coidreamh a dhéanamh le haoinne ionnus ná tiúbharthaí fé ndeara mé ach a luighead dob fhéidir. Dubhairt sé go raibh an rócheart agam agus d'fhiafruigh díom arbh aithnid dom an duine bhí san tseomra feithmhe. Dubhart nárbh aithnid. Dubhairt sé gur thír-ghrádhthóir Éireannach é dárbh ainm Duchet (sin mar dubhairt sé é) do cuireadh ar díbirt de dheascaibh scríbhneoireachta éigin fé'n ainm chleite *Junius Redivivus*. Dubhart-sa go bhféadfadh a bheith amhlaidh ach nárbh eol dom aon ní 'na thaobh ná a chuid scríbh-neoireachta, agus má thárlaidh mar siúd nárbh fholáir nó gurbh ó'n Meitheamh roimhe sin é, an tráth d'fhágas-sa Éire. Annsan d'innseas do i dtaobh mar do tharraing amach an páipéar Sasanach agus mar do chuir gaiste ar ineall dómh-sa agus conus mar do sheachnuigheas-sa é. Dubhairt an tAire arís go raibh lán an chirt agam ach go raibh an duine sin tar éis cuid mhaith meamram a chur isteach i dtaobh aiste na hÉireann. Is aisteach liom so. Ní fheaca-sa an fear riamh im shaoghal ach mar sin féin tá saghas amhrais agam gur aithnigh sé mo phearsa. Cia hé san diabhal cia hé *Junius Redivivus?* nó cia hé Duchet, má's Duchet is ainm do? Caithfead labhairt le Madgett i dtaobh an Junius eiséirithe so mar, chun na fírinne a rádh, ní ró mhaith an tuairim atá agam de.

D'fhiafruigh an tAire annsan díom cad leis go raibh riachtanas againn i nÉirinn. Dubhart-sa gur theastuigh ar dtúis sluagh airm, airm, lón lámhachta agus airgead. D'fhiafruigh sé cad é an mhéid de gach cinéal ba dhóigh liom a dhéanfadh dóthain. Níorbh áil liom-sa ar an am san dul san gcruinnáireamh ar an ngnó, mar thuigeas ó chainnt Mhadgett go raibh rud níos lugha beartaithe ag an Aire ná mar bhí agam-sa, agus níor mhaith liom sceit ró mhór a bhaint as do'n chéad iarracht. Do chuas, d'á bhrí sin, i muinghin mo chuid drochFhrainncise agus dubhart gurbh eagal liom ná beadh ar mo chumas brí mo scéil a chur i n-úil dó tré chainnt, ach go bhfaghadh sé mo chuid tuairimí go láinléir san dá mheamram a bhí scríobhtha agam, agus nuair a bheidís sin breithnithe aige go raibh súil agam go mbeadh a chead agam teacht ag triall air agus aon phoinnte do bhí i n-aon tslí doiléir a mhíniú do.

Do thosnuigh sé annsan ag cur síos dom connus mar bhí beart-aithe aige féin agus ba shuarach é sin fé mar bhí amhras cheana agam. Dubhairt sé gur tuigeadh do go raibh daoine go líonmhar i nÉirinn, go rabhadar iorghalach ó dhúthchas agus mar sin gur éascaidh chun

saighdiúireacht iad, agus go raibh a bheag nó a mhór d'airm cheana aca. Dubhart-sa ná raibh oiread agus gurbh fhiú iad d'áireamh nuair a bheifaí ag meas cá mhéid arm a bheadh ag teastáil, mar ná raibh san gcuid is mó de na rudaí a bhí aca ach gunnaí éan. Dubhairt sé annsan gurbh eol do ná raibh aon ghunnaí móra aca ná cannónóirí agus d'á dheascaibh sin go mbeadh sé riachtanach iad araon a sholáthar chuca, go ndéanfadh gunnaí so-aistir an gnó toisc na raibh daingne cosanta againn; go bhfaghaimís triocha píosa ordnáis (*une trentaire*); d'urchar ocht bpúnt a leath agus d'urchar sé bpúnt déag an leath eile, go n-a bhfoirne córa fear agus oifigeach; agus freastal fiche míle fear d'airm. Do chuireas isteach air agus dubhart fiche míle ar a luighead, mar ná beadh de chuimse leis an méid daoine do gheobhaimís ach an méid arm a bheadh againn le cur 'na láimh. Do lean sé air agus dubhairt go gcuirfaí i dtír iad san i n-aice Bhéal Feirste áit ar cheap sé ba dhóiche a bheadh fagháil ar chabhair go luath aca. Arsa mise 'ghá fhreagairt: "Gan amhras, mar gurab í sin cúige is iomadúla fé dhaoine agus is caiththréithighe san ríocht." Tharraing sé chuige annsan léarscáil ar Éirinn agus bhreithnigheamar araon é. Ó bhí an chaoi agam shleamnuigheas cuid dem thuairimí féin isteach 'ghá rádh dhom dá mbeadh sluagh láidir airm againn ó thosach go dtosnóchaimís chómh gairid do'n phríomhchathair agus dob fhéidir, mar dá mbeadh sí sin gabhtha againn aon uair amháin, dar liom, go gcuirfeadh san críoch leis an ngnó go léir; ach dá mba thosnú dhúinn le beagshluagh go dtosnóchaimís chómh gairid do Bhéal Feirste agus dob féidir agus annsan ropadh rómhainn chun sléibhte Móirne agus Sliabh Fuaid a ghabháil dúinn féin, agus le n-a gcongnamh san agus na hÉirne go ngeobhaimís cúige Uladh uile agus go gcosnóchaimís an méid sin dúinn féin nó go mbeadh sluagh láidir go leor d'ár gcáirdibh bailithe againn chun an bóthar a ghlanadh go Baile Átha Cliath. Do thaithnigh mo bheartú-sa go mór leis, agus dar liom-sa níl feidhm le beartú ar bith eile maidir le sluagh beag a chur i dtír.

Do luaidh sé annsan na hÉireannaigh a bhí i gcabhlach Shasana, agus d'fhiafruigh cad é mo thuairim i dtaobh daoine cearta a chur 'na measc chun focal a chur 'na gcluais i dtaobh an dualgais a bhí ceangailte ortha d'á dtír; agus san gcás san cia aca bheidís 'nár n-aghaidh nó ná beidís. Sin é mar bheartuigheann Madgett agus muna ndeintar a mhalairt de ghníomhartha 'na dhiaidh níl ann ach díth céille. Dubhart gur mhaith an bheart le déanamh é gan amhras dá ndeintaí gníomh cóir eile 'na theannta; ach d'fhonn

láinfheidhm do bhaint as nár mhór rialtas a bhunú i nÉirinn ar na fátha a gheobhadh sé curtha síos go mionchruinn agam im chuid meamram agus d'áirmhigheas do roinnt aca. Thaidhsigh sé dhom gur shásaimh san fá'n ngnó úd é. Dubhart, leis, nár mhór bheith an-chúramach i dtaobh na ndaoine sin a chur ann ar eagla go scéithfaí an scéal ar aon chuma, agus go gcuirfaí sceit i Rialtas Shasana. Measaim, tar éis gach scéil go n-éireochar as an scéim chun aspaill a chur ag triall ar na mairnéalaigh Éireannacha ; óir go dearbh má cuirtar Rialtas aon uair ar bun i nÉirinn, ní bheidh, im thuairim-se, aon riachtanas leis ; agus muna gcuirtar, ní thiocfaidh aon mhaith as. Dubhairt an tAire annsan arís, san gcainnt ba sholusda glainbhrí, fé mar gheall sé cheana, maidir le n-a chabhair phearsanta féin, chómh maith leis an intinn daingean diongbhálta do bhí ag an Árdhchómhairle Rialtas, go raghthaí i mbun gnó so na hÉireann chómh láinbhríomhar agus bheadh ar a gcumas. Dubhairt sé go raibh súil aige dá gcailleadh an Fhrainnc, fé mar bhí beartaithe aici a dhéanamh, fir agus airgead leis an ngnó, chun an tsaoirse a chur ar ár gcumas, agus fiú an tsíothcháin féin a chur ar athló ar ár son-ne, go mbeimís-ne d'á réir ullamh chun buidheachais agus deighphrionsabal a thaispeáint dóibh seachas mar dhein náisiúin eile gurbh ionann scéal dóibh ; agus d'iarr orm, maidir le haon chuid de'n ghnó a bheadh ag braith orm-sa chun é chur chun cinn, gan nóimeat a scaoileadh le faillighe. D'iarr sé orm, leis, a thathant ar Mhadgett brostú leis an aistriúchán chómh maith agus dob fhéidir, agus do thaidhsigh sé dhom, idir so súd, go raibh sé nach mór chómh díoghraiseach, imnidheach, san ngnó agus bhíos féin. Do cheileabhras annsan do.

Is é toradh an chómhráidh sin, go bhfuil brí gach ní tábhachtaigh do bhain leis curtha síos annso agam, ná go bhfuil Árdchómhairle an Rialtais ceapaithe ar ghabháil linn, ach gur ar shlí beagthairbheach é, go dtiúbhraid siad triocha píosa ordnáis dúinn fé lánfhuirinn, agus fiche míle arm agus roinnt airgid, dár ndóigh, mar thosnú ; ach níor bheireas liom ó'n Aire go raibh a n-aigne socraithe ar aon uimhir áirithe de shluagh airm ; níor thagair sé dho pé scéal é, agus níor theanntuigheas-sa san scéal é mar ba mhian liom go léighfidís agus go mbreithneochaidís ar dtúis mo chuid meamram, agus b'fhéidir go dtiúbhradh an ní atá scríobhtha agam ortha athmhachtnamh a dhéanamh ar an ngnó agus má dheinid beidh comaoin tairbheach curtha agam ar an bhFrainnc agus ar Éirinn. Má's é an beartú a luaidh De la Croix, do réir mar atá

thuas, a chuirfid chun cinn, táim-se mar dhuine réidh lántoilteanach chun m'anam a chuir san bhfiúntar : ach is gníomh i n-aghaidh mo bhreithiúntais é, agus ní le haon mhí-iontaoibh as na daoine i gcoithchinne sin, ach le deacracht, nó le héadtualainge b'fhéidir, aon Rialtas deaghchóirithe a chur ar bun. An abruighim, d'á bhrí sin, nár cheart an iarracht a thabhairt do réir mar atá beartaithe ? Ní abruighim go deimhin : is léir dom gur ceart é dhéanamh. Maidir leis an bhFrainnc, níl ann di-se ach an fearas cogaidh a chur i mbaoghal, agus cad is tábhacht san ? Agus maidir le hÉirinn tá an scéal chómh haindeis sin aici gur ceart di gach a bhfuil de'n tsaoghal aici a chur san imirt, d'fhéachaint an rángóchadh léi aon fheabhas a chur ar a haiste féin. Ag tagairt do na daoine i gcoitchinne atáim agus ní do na huaisle. Mar le duine, mar sin, tá m'aigne-se socair. Tá againn, pé scéal é, neart mór daoine, agus muna bhfuil ár maide tógála fada ár ndóthain, níl againn ach breis de'n neart a chur leis. Má's tírghabháil mar atá beartaithe anois a dhéanfar caithfimíd na gníomhartha réabhlóide is foirtile a tharrang chugainn láithreach, agus, má's gábhadh é, gach fear, bean agus páiste, gach airgead is capall is stór is lón a chur ar fostadh : "*The King shall eat, though all mankind be starved.*" Ní leigfar d'aon rud teacht ar feadh nóimite idir sinn agus ár saoirse do bhuadhadh. Níl aon chaitheamh agam-sa 'na dhiaidh sin uile má's féidir é sheachaint, ach caithfear an tsaoirse a cheannach pé fiach nach mór a íoc ; d'á bhrí sin "*Lay on, Macduff, and damned be he who first cries—Hold, enough !*" Caithfeam an liathróid a bhualadh go tréan agus gabháil le hádh na himeartha. Is taidhseach a bheidh P.P. dar liom i riocht ógáin de'n chéad ghairm fostaidh.

Ba cheart dom a luadhadh, le linn an chómhráidh, go ndubhairt De La Croix, nuair a tháinig leitir Adet chuige mar aon leis an meamram a thugas-sa dho-san ar theacht dom go Philadelphia an Lúghnas so caithte, gur scríobh sé chuige gur gnó róthábhachtach é chun é phléidhe trí mhíle míle ó bhaile, agus gur iarr sé, d'á bhrí sin, go dtiocfainn-se anall. Do thaithnigh liom an méid sin a chlos, agus dubhart go raibh áthas orm go dtána roimhe ar a mhian. Do réir deallraimh mar sin do scríobhadh im iarraidh fé mar adeir Madgett. Ba mhaith liom an meamram san d'fheicsint anois mar is cuimhin liom é a scríobhadh i mbrothall an tsamhraidh i bPennsilvania nuair a bhí mo cheann go mór ar mearaidhe leis an teas. D'á olcas dar liom a bhí sé, chuaidh sí i bhfeidhm ar dhaoine annso. 'Seadh féach—an toirtéis arís !

Feabhra 27.—Ag obair ar mo mheamram agus cuma snasta ag teacht air sin ar pháipéar.

Feabhra 28.—Do chuas go tigh Mhonroe i dtaobh mo phas taistil agus chaitheas uair a chluig ag cainnt leis. Taithnigheann sé go mór liom, fíorphoblachtaidhe iseadh é ar a chainnt ; molann sé an Árdchómhairle Rialtais go hárd an aeir, agus Charles De La Croix ; is fearrde an scéal é sin. Mileataidhe, adeir sé iseadh Carnot agus é ar na hinnealtóirí is fearr san Eoraip (*Vide* an méid adubhart cheana i dtaobh é bheith ag timthireacht i dtaobh Chuan Chorcaighe). Mileataidhe eile iseadh Le Tourneur agus mar sin, le Barras d'áireamh, tá triúr saighdiúirí san Árdchómhairle. Tá áthas orm 'na thaobh san.

Feabhra 29.—Chríochnuigheas an dara meamram agus thugas do Mhadgett é i gcómhair aistriúcháin. Tá moille na haoise ag baint le Madgett agus tá an gúta ag gabháil do fé láthair. A Dhia na bhfeart ! Cuimhnighidh conus a réidhtigheann san lem mhíofhoidhne-se. Ach dubhairt an tAire liom é bhrostú agus le congnamh Dé raghad chun cainnte leis uair sa ló ar a luighead. Níl nóimeat le caitheamh againn, mar is dóigh nach fada go mbeidh cabhlach na Mara nIocht ar tuinn agus beidh an t-arm i bhfoslongphorta i nÉirinn, agus d'á bhrí sin beidh de bhuntáiste ag an Rialtas annsúd go mbeidh sluagh airm cruinn ullamh aca chun gníomh a dhéanamh ar an dtoirt ; agus b'fhéidir go dtárlóchadh dóibh gabháil leis an taobh mícheart agus ba mhór an tubaist é sin. (Mem. So do chur i dtuigsint do Charnot).

Caithfead aga dhá lá nó trí a thabhairt chun aistriúcháin, agus dhá lá nó trí eile chun machtnaimh a dhéanamh ar adhbhar mo mheamram sula dtéighead arís go dtí an Luxembourg. Is aisteach an scéal é. Ar mo shuaimhneas dom, ní mór go bhféadfainn abairt a cheapadh i bhFrainncis, agus le linn mé bheith ag cainnt le Carnot agus De La Croix do rith sí chugam gan aon duadh. Deinim gríosú ar m'aigne, agus ní fheadar conus mar atá, ach gluaisigheann abairtí uaim ; déarfainn go dtugaim cainnt bhreallach go flúirseach dóibh, ach ná bac san, tuigid siad mé agus sin éan chuid tábhachtach de'n scéal. Tá sé lá anois rómham agus gan aon ní le déanamh agam ; Husá. Dinnéar gach lá agam ag tigh Bheauvillier ar tuairim leath-choróinn, agus buidéal d'fhíon toghtha na Burguinne agus críoch-nuighim gach tráth é. Margadh maith do Bheauvillier iseadh mé maidir le hól uisce ; ní dóigh liom go gcaithim lán spiúnóige i rith seachtaine dhe. Tá an iomad i mbuidéal Burguinne agus cinnim ar

chómhairle gach maidean gan a ól ach a leath, agus gach tráthnóna gan teip deinim col geise. Ba mhaith liom go mbeadh P.P. agam chun an leath eile d'ól agus b'fhéidir annsan go mairfinn go beagmheisciúil. Och, Dia go deo linn! Go beagmheisciúil. Ba cheart go mba bheirt mheasardha sinn araon; tírghrádhthóirí sinn, mar adeir Maití.* 'Seadh, "*It is the squire's custom every afternoon, as soon as he is drunk,*" tosnú ag cuimhneamh ar a mhnaoi is ar a chlainn. Ní foláir liom nó is lánaoibhinn an cuimhneamh ar uairibh é. Má éirigheann liom im ghnó annso agus mé d'fhilleadh go deo go hÉirinn, agus muna mbuailtar cnag san gceann orm, ní bheidh ar uachtar na cruinne aon dream chómh sona leis an líontighe bheidh ar mo theinteán-sa. 'Seadh, Husá! "*I hope to see a battle yet before I die.*"

Tá sé mar nós gráinniúil ag na Franncaigh uisce a chur san bhfíon Burguinne. (*Mem. Tuairim Mhr. Nisby 'na thaobh san.*) Ní fhéadaim gan urraim a bheith agam do'n fheirg mhóir do bheadh ar Ph.P. de dheascaibh na millteoireachta dona atá déanta ar an digh uasail, agus an eisiompláir ghlórmhar a bhéarfadh sé dhóibh le haithris a dhéanamh air. Do mhúinfeadh sé dhóibh an módh ceart, agus cad é an méid de'n Bhurguinne shaidhbhir ba cheart a ól. D'íocfainn táille thar a cheann go fonnmhar indiu *en numéraire*, agus níorbh aon tsuim bheag san, chun go mbeadh comaoin a chuideachtan orm. Ach, "'*tis but in vain*," ⁊rl. Dar liom is ceart a rádh ar mhaithe lem chreidiúint féin gur roimh dinnéar atá na smaointe mórghaoise sin scríobhtha agam. Raghad, mar sin, go tigh Bheauvillier. (Gabhann, "*When generous wine*," ⁊rl.)

Márta 1.—Fuaireas indiu páipéar Sasanach ó Mhadgett fé dháta an dara lae de'n mhí seo caithte, agus tá mionalt ann faoi chás an Major mí-ádhmharach Sweetman d'éag de dheascaibh cómhlann díse. Ní dóigh liom gur baineadh a leithéid de sceit asam ó rugadh mé. A Dhia Mhóir, an féidir gurab é mo chara-sa é. Níl dul as muna bhfuil duine eile ann de'n ainm chéadna, ach is baoghal liom an tubaist. Do bhí meas dúthrachtach grádhach agam air. Níor ghluais an fhuil riamh ó chroidhe dob fhearr, ná ba mhisniúla. Is 'na chuibhrinn a chaitheas cuid de na tréimhsí ba thaithneamhaighe dem shaoghal. Má tá sé imithe is tubaisteach an díth sin dómh-sa, ach is measa d'á thír dhúthchais é, Éireannach dílis ab eadh é, agus aon iarracht a dhéanfaí chun ár mbroid a scaoileadh bheadh súd i dtosach slógha; do bhí dóchas agam as a thallanna mileata agus

* i. Matilda: Mrs. Tone.

bhínn le hábhacht 'ghá cheapadh dho é bheith 'na Thaoiseach ; an fear bocht. Má tá sé imithe tá bearna mhór déanta i liost mo bheagán carad ná beidh furus dom a líonadh. Tar éis an tsaoghail b'fhéidir gur duine éigin eile é, ach is baoghal liom, is baoghal liom. Ní fhéadaim fulang le bheith ag cuimhneamh air.

Márta 6.—Ó chuala tásc bháis an Sweetmanaigh bhoicht ní raibh sé de mheanmain ionnam leanúint de scríobhadh mo dhialainne. Mar leis sin de níl aon rud tábhachtach ar siubhal agam, agus ní fearr liom ar domhan é mar bhí m'aigne i gcómhnaidhe ag rith ar an scéal úd. Dob é adhbhar tosnaithe an easaontais do réir deallraimh ná gur satluigheadh ar ghúna mhná éigin le linn bheith ag teacht amach ó'n gceoldráma, cúis bhreágh do bheirt d'fhearaibh tréana chun dul i gcómhrac le 'chéile 'na thaobh. Cheithre slata ó chéile iseadh chómhraiceadar agus dob 'in rogha an Sweetmanaigh ; do goineadh go millteach an bheirt aca ach is deallramhach go dtéarnóchaidh an Captaen Watson (Éireannach eile eisean), tá mo chara bocht-sa imithe. Nuair a buaileadh leis an urchar é, a chuaidh tré n-a chorp anonn, d'éigh sé ar an Watsonach " An bhfuilir gonta?" " Táim," arsan fear eile, " go marbhthach, is dóigh liom." " Agus mise leis," arsan Sweetmanach agus thuit sé láithreach. Go dearbhtha níor cheapas go ngoillfeadh a scéal súd chómh mór orm agus a dhein. Taobh amuich de'n mheas a bhí go pearsanta agam air bhí coinne agam le n-a lán cabhrach uaidh dá dtárluigheadh go dtiúbhradh Rialtas na Frainnce aon chongnamh dúinn. Ba rómhór an áis iad a chródhacht, a éascaidheacht labhartha, a ghradam poiblidhe agus an grádh dúthrachtach a bhí aige d'á thír ; tá san uile anois caillte. Caithfeam a mhalairt d'fhagháil mar is fearr fhéadfam. Ní scríobhfad níos mó 'na thaobh ach beidh cuimhne fíordhólasach agam air.

Níl an t-aistriúchán críochnaithe fós ag Madgett ; diabhail agus damaint ! Deir sé liom, ámh, go bhfuil scríobhtha aige chuig an Aire i dtaobh Bournonville a cheapadh chun bheith i gceannas, i gcás go dtiúbharthaí fé'n bhfeachtas. Do bhí scéal Chamuis d'á léigheadh agam agus is dóigh liom ná féadfainn aon Taoiseach d'iarraidh dob oiriúnaighe do'n phost ; tá súil agam go bhfaghaimíd é. Ní hamháin atá soiléir dom, ní foláir le Madgett gurab é féin a dhéanfadh gach ní ; is mór an soilgheas do a cheapadh gurbh é féin a chuimhnigh ar Bhournonville. *À la bonne heure.* Measaim gur róchuma liom fé láthair cia dho a raghaidh creidiúint aon ní a cheapadh ach go gcuirfí an gnó i gcrích ; ach is é fírinne an scéil gur

mé féin a luaidh an Taoiseach úd. Tá dhá lá nó trí caithte ag Madgett ag cuardach do léarscála ar Éirinn ; níl amhras ná go mbeidh géarghábhadh le léarscála, ach ní hanois é. Ba thairbhighe go mór do an t-aistriúchán, a dhéanamh ; cuireann a chuid leadráin fearg orm, ach táim 'ghá bhrúghadh fúm. Tá sé 'ghá gheallúint, ámh, go gcríochnóchaidh sé indiu é agus go dtiúbharthar mo mheamram deireannach do'n Aire ; má tugtar raghad d'fhéachaint De La Croix umanathar agus Carnot umaniris. Go dtí san beidh mé díomhaoin. Táim tar éis bheith san Músaeum mar a bhfuil, dar liom, an bailiú is fearr de phictiúirí d'á bhfuil ar bith. Do rannsuigheadh an Fhrainnc uile agus Flondras chun é ghléasadh. Scoil é 'na bhfuil cead ag ealadhantóirí óga dul agus cóibeanna a dhéanamh d'iarrachtaí na sármháighistrí. An lá a chuas-sa ann ní raibh sé oscailte i gcómhair an phobail, ach nuair a thuig an t-eachlach gur coigcríochach mé leig sé isteach mé láithreach ; ní mar sin a bheadh i Sasana. 'Siad iarrachtaí Ghuido is fearr a thaithnigheann liom-sa ; tá roinnt ann de phortraití sáirdheartha le Vandyk, le Rubens, le Rembrandt agus le Raphael ; ach tá an Magdalen do dhein Le Brún chómh luachmhar leis an gcuid eile go léir. Ní fheaca-sa riamh aon phictiúir a thiocfadh i n-aon ghaobhar do ; ní haon tsaoirealadhnaidhe mé, ach ní gábhadh aon oideachas roimhré chun aoibhneasaí iomdha an phictiúra san a dhul i bhfeidhm air. Iarracht sáiréirime iseadh é. Do bhíos, leis, ag an Hôtel des Invalides agus bhí sé d'ádh orm na crannlaocha d'fheicsint le linn dinnéir ; tá cóir anmhaith ortha agus radharc dob eadh é gur chuireas mórán spéise ann. Do chuir sé i gcuimhne dhom an tÓispidéal Ríoghúil agus mo sheanchara, an Captaen Ruiséall, agus thug san míle rud eile chun cuimhne agam. 'Seadh, tá súil agam go n-éireochaidh liom filleadh ar Éirinn fós. *Utinam.*

Márta 7.—Do chaitheas an lá so fara Dupetit Thouars, aithlieutenant san loingeas, a tháinig anall liom san *Jersey*, agus Roussillon, aithlieutenant eile ; is de'n *ci-devant noblesse* iad araon. Duine ar leith iseadh Dupetit Thouars. Tá roinnt mhaith tallainne ann agus roinnt níos mó de'n ghreann, agus sé an feallsúnaidhe le céill is fearr a chonnac riamh é : ní chuireann aon rud aon bhuairt air ; ach sin é an *temperament* atá aige. Fear óg caoiniomchuir iseadh Roussillon, agus is fearrde é, measaim, an dochraide a bhuail 'na threo. Is truagh gur de threibh na n-uaisle iad ; ach ní mór go bhféadaim bheith i n-earraid leo. Is uathbhásach an t-ísliú atá tugaithe ar na huaisle san bhFrainnc agus goilleann an t-atharrach

fortúna so go rómhór ortha. Ní hé a dtuitim féin a ghriogann ar fad iad ach méadú dreama eile gurbh é a dtaithighe riamh droich-mheas a bheith aca ortha. Ach nuair a chromaid ar eidirdhealú a dhéanamh ar a ngearánta bíonn oiread san d'éagcóir a samhluightar dóibh meascaithe leis an gcruadhtan a fhulaingid dáiríribh go mao-luigheann san cuid mhaith an truagh a bheadh agam dóibh dá mbeidís ar atharrach scéil, agus caithfead a rádh farais sin, i dtaobh a lán go bhfuil aithmhéala ortha 'na dhiaidh, gur baineadh díobh le láincheart é, agus a lán de'n tsoilgheas a chailleadar ná raibh ann ach sádhaile fíorthruaillithe ; bhí sé go sárálainn gan amhras ach bhí dobháilce thar fóir ann. Ní cneasta, ámh, breithiúntas ró ghéar a thabhairt ortha anois, ó táid ar lár ; ach caithfead a admháil gur mhór an aithmhéala bheadh orm dá bhfeicinn aon aiséirghe ortha. Is beag dá bhaoghal san atá ann, ámh, agus cheapfadh duine ortha go dtuigid siad é sin go maith. Do thréigeadar an tseirbhís tamall ó shin, agus déarfainn gur le tarcaisne dhi é, agus táid d'iarraidh anois go nglacfaí ar ais iad agus é sin ag teip ortha. Ní fhéadfainn bheith mileánach ar an bhPoblacht bheith amhrasach ar na sean-mhairnéalaigh tar éis scéil Toulon. Ag tagairt do-san, adeir Rousil-lon liom i dtaoibh Trogoff, an tAimiréal do bhraith an cabhlach Franncach agus a thug ar láimh do'n Tighearna Hood é, gur éag sé i n-oispidéal ag Leghorn mar a dtug na Sasanaigh go fial do *aon scilling amháin* san ló chun a chothaithe. An díolúnach, b'in díreach scilling thar an gceart. Agus Dumourier, é 'na dhíbearthach ar fuaid an tsaoghail, agus é órdaithe dho imeacht as Sasana i gcionn sé huair a chluig tar éis dul innti dho agus é ruagtha as Brabant ag an Impire d'á dtug sé fónamh fealltóra, nó go dtug iarracht ar a thabhairt. Dá mbeadh ciall nádúrtha ag daoine, gan trácht ar mhacántacht a bheith ionnta, ní dhéanfaidís fealladh ar a ndúthaigh agus eisiompláir d'á leithéid sin 'na láthair. Ach seo mé ag sean-móireacht i dtaobh na n-uaisle agus ag Dia atá 'fhios cad eile.

Chun casadh arís ar an scéal : tá truagh an domhain agam do'n dá lieutenant *ci-devant* úd, óir "*Cot knows I have had afflictions and trouples enough upon my own pack, and as for a gentleman in distress, I lofe him as I lofe my own powels.*" Do chaitheamar an lá ag amharc ar nithe suaithinseacha, mar atá, an Pantheon, a bheidh go sárálainn nuair a bheidh sé críochnaithe, ach nach curtha i gcomórtas ar aon chor é le teampall Naomh Pól, ar thoirt ná ar bhreághthacht. Do chuamar síos ins na huagha fé thalamh mar a raibh leachta cuimhne Voltaire, Rousseau agus, ceann dob fhearr a thaithnigh liom, leacht

Dhampierre do marbhuigheadh ag Famars. Is dearbh ná féadfaí aon ní a cheapadh is mó a mhúsclóchadh móirspioraid i náisiún ná árus taisce d'á leithéid, agus é curtha ar leith d'aonghnó i gcómhair gach ní d'á sháráilleacht, dá oirdheirceacht agus d'á thírghrádhaighe. Tá na Franncaigh, ámh, tar éis dul beagán ró fhada leis. Mar, cheana féin, bhí ortha ar a luighead dhá mharbh oirdhearca leo d'athchur as an áit ; Marat atá i gceist agam, duine dar liom a bhí 'na dhíoghrasach dílis gan truagh gan trócaire, agus Mirabeau a bhí, dar liom-sa, 'na dhíolúnach cruthanta. Má bhíonn Poblacht i nÉirinn againn, caithfimíd Pantheon a thógáil, ach ná bíodh deithineas ró mhór orainn fé mar bhí ar na Franncaigh, chun an líon áitribh a chur ann. Tá beagán cheana againn mar thosnú : Ruaidhrí Ó Mórdha, Molineux, Swift, agus an Dr. Lucas, Éireannaigh mhaithe iad uile. Do chuas anáirde ar bharr an Phantheon mar a raibh radharc ar Pharis go léir againn mar bhí sí, leagaithe amach fúinn thíos, agus ar an dúthaigh mór dtimcheall ar feadh roinnt léig ar gach taobh dínn. Ní fheaca riamh radharc d'á shamhail. Do chuamar annsan go dtí an Lusgharrdha ach ní mór an luibhthearnach a chonnacamar ann toisc go raibh troigh de shneachtadh ar an talamh. Do shiubhluigheamar le chéile tré na tighthe gloine mar a bhfuil bailiú an-mhór de lusaibh coigcríoch. Braithim mo sheanmhian ag corruighe ionnam, mar is aoibhinn liom luibheolas bíodh ná tuigim é. Cuireann sé i gcuimhne dhom an siubhal a ghnínn lem mhúirnín cumainn agus ár naoidhneáin timcheall Chateauboue* nuair a bhinn-se ag bailiú mo chuid *piseán*. Tá súil agam, ámh, go mbead arís ann sula bhfaghad bás. Do ghabhamar thar Séin agus chonnacamar an Place Royal a bhí tráth 'na Phrímhchearnóig i bParis. Richelieu a thóg é ; tá a ósta san ar thaoibh de'n chearnóig. Tá sé anois 'na láthair ordnáis do'n Phoblact agus é lán de ghunnaí. Do chonnac an t-ionad 'na raibh an Bastille tráth agus mar a bhfuil íomháigh de'n tSaoirse anois. Ghabhas tríd an gColáiste mór san na polaitíochta san bhFrainnc, an Faubourg San Antoine ; thána go dtí an Teampall mar a raibh Louis XVI i bpríosún, agus gur as amach a beireadh Marie Antoinette d'á dícheannadh, agus gur ann d'éag Louis XVII má's cead dom san a thabhairt air. Níorbh fhéidir a cheapadh aon ní chómh dúrghruama le cruth an charcair sin. Do chuir sé duairceas orm féachaint air.

Márta 8.—Do chuas go dtí Madgett de dheascaibh tuairisce a chonnac ins na páipéir i dtaobh síothchána coitchinne. Adeir sé

* Ionad cómhnaithe a bhí ag Tone i gCo. Chill Dara.

liom ná fuil aon bhunús leis. Do mhillfeadh síothcháin gach uile ní. Adeir sé liom, leis. go bhfuil an dara meamram liom críochnaithe agus tugtha do'n Aire aige ó indé; go raibh an chéad cheann léighte aige-sin go haireach agus gur chuir suim mhór ann, mar is iontuigthe. Adeir Madgett liom gur chuir De La Croix i n-úil do go bhfuil an tÁrdchómhairle láinbheartaithe chun an ghnótha; sé sin maidir le prionsabal an scéil. Is lánmhaith é sin go léir, ach le congnamh Dé gheobhad ó bhéal an Aire féin é, agus 'na dhiaidh sin raghad chun gearragallaimh le Carnot. Ní fheaca é ó Fheabhra 24, coighcíos ó shin, ach ní dem chionnta-sa é sin, is gur caitheadh an aimsir ag scríobhadh, ag aithscríobhadh agus ag aistriú mo dhá mheamram. Raghad umanathar ag triall ar an Aire agus umaniris go dtí an Luxembourg. Deir Madgett liom go bhfuil Bournonville ceapaithe chun bheith i gceannas ar an arm san Hollainn. Is olc san; d'á aindeoin sin, ó'n meas atá déanta agam ar a mheon, bheadh súil agam, dá gcuirtaí fios cúrsaí na hÉireann i n-úil go ceart do, gur fearr a thaithneochadh an cheannasaidheacht san leis, cuir i gcás go raghthaí choidhche ar an bhfeachtas. Do bheadh glóire le fagháil agus dá n-éirigheadh linn, ní ná fuilim i n-aon amhras 'na thaobh, is fial iad na hÉireannaigh, ró fhial b'fhéidir, agus chúiteochaidís a dhúthracht leis go flaithiúil. D'iarras ar Mhadgett, dá bhfaghadh sé caoi chuige agus deimhne bheith aige ná scéithfaí an rún, an scéal san go léir a chur i n-úil do Bhournonville. Do chaitheas dinnéar ag an Restaurateur fara Roussillon, duine a thaithnigheann go maith liom. Um thráthnóna, an Théâtre Italien—chonnac Lodoisca, ⁊rl.

Márta 9 *agus* 10.—Ag spaisteoireacht thart: an Músaeum arís. Magdalen dosháraithe Le Brún: chaitheas uair a chluig beagnach ag féachaint air.

Márta 11.—Cuaird agam ar an Aire, De la Croix, agus cómhrádh fada agam leis. Ar thosnú dho dubhairt sé gur léigh sé mo dhá mheamran go cúramach agus gur thaidhsigh sé go rabhas 'ghá thathant go mba ghábhadh sluagh neartmhar airm chun go n-éirigheadh leis an iarracht; go raibh, maidir leis sin, deacraí móra le sárú de dheascaibh uachtaránacht chabhlaigh na Sacsan. Maidir le fiche míle fear, ná féadfaí iad a chur anonn muna mbeadh na Franncaigh 'na maighistirí ar an gcaolfhairrge agus dá mbeidís go mbeadh sé chómh furus dóibh ceathracha míle nó seasca míle do chur treasna agus tabhairt fé Lonndain láithreach (N.B.—Tá De La Croix go mór ar mearbhall insa scéal so. Im thuairim-se bheadh sé díreach chómh deacair do'n Fhrainnc Sasana a chlaoidhe agus

bheadh sé do Shasana an Fhrainnc a chlaoidhe. Ní heol do cad a bhaineann le cogadh dhéanamh i dtír mar a mbeadh lámh an uile dhuine it aghaidh, agus fós go bhféadfadh cúrsa a thíre féin an cheacht a mhúineadh dho ; ach níorbh é mo chúram-sa dul i n-iomarbháidh leis faoi'n scéal agus mar sin do scaoileas leis). Maidir le fiche míle fear, mar sin, ní raibh fagháil ar a leithéid. Maidir le cúig míle, bheadh deacraí móra san scéal ; theastóchadh, cuir i gcás, fiche long chun iad d'iomchur agus níorbh fhurus fiche long do ghléasadh i n-aon chalathphort de'n Fhrainnc gan na Sasanaigh d'fhagháil rabhadh éigin 'na thaobh, agus annsan dhruidfídis an calathphort san láithreach le cabhlach ba dhá mhó ná aon cheann do féadfaí a chur 'na gcoinnibh.

Mar fhreagradh air sin, dubhart gur róléir dom an deacair a luaidh sé, ach má b'eadh gur ghaibh deacraí móra riamh le gnóthaí móra, agus d'athchuingheas air smaoineamh ar ádhbhalmhéid an tosca. Maidir le cúig míle, nuair a luadhas an uimhir sin, nach eadh go rabhas ag cuimhneamh ar an bpobal coitchionn ach ar an dream san go raibh roinnt maoine aca agus go raibh gábhadh chómh géar san le n-a gcongnamh chun rialtas a cheapadh i nÉirinn gan puinn moille, agus a bheadh faitcheach i dtaobh teacht chun cinn ar tosach muna bhfeicidís ach sluagh beag i gcongnamh dóibh. Do ghabhas a chead chun tagairt do'n dara meamram a scríobhas mar a bhfaghadh sé na fátha a bhí agam leis an scéal curtha síos go láinléir. Ar n-a scríobhadh san dom gur bhraitheas do dian gur dualgas a bhí orm, ní chun plámás ná chun mearaidhe dho é, ná chun an rud a thaithneochadh le Rialtas na Frainnce a rádh, ach chun oiread feasa a thabhairt dóibh agus ba ghábhadh dhóibh a bheith ar eolas aca ; agus maidir le fírinne na nithe a bhí ionnta go rabhas ullamh chun mo cheann a chur i ngeall le iad a bheith go ceart. Dubhairt sé am fhreagairt ná raibh sé i n-amhras ar bith i dtaobh an scéil sin. Gur léir do, im dhála féin, an áis a dhéanfadh sé rialtas a bheith ar bun láithreach, ach ná féadfaí é dhéanamh ar chabhair níos lugha ná mar bhí ráidhte agam-so ? Cuir i gcás dá dtugaidís dúinn Taoiseach mórchlú airm, fuireann árdoifigeach, triocha píosa ordnáis, cannónóirí agus gléas armála i gcómhair fiche míle fear, ná geobhadh na daoine leo, agus dá ngeobhaidís ná féadfaí glaodh ar na cumainn sin a bhí luaidhte agam im chuid mheamram (sin iad Coiste ns gCatoiliceach agus na nÉireannach nAontaithe i mBéal Feirste) chun rialtas sealadach a dhéanamh díobh nó go gceapfaí an chómhdháil náisiúnta ? Do fhreagruigheas, maidir leis na daoine

do dhul leo, ná rabhas i n-amhras d'á luighead riamh ortha; ná raibh d'eagla orm ach go mbeadh na daoine a bhí ins na cumainn neamhfhonnmhar toisc míomhuinghin a bheith aca as neart an tslóigh airm, go raibh súil agam go ndéanfaidís gníomh misniúil mar ba dhual dóibh, ach ná féadfainn aon urraidheacht a thabhairt do i dtaobh aon ruda ná raibh fios deimhnitheach agam féin mar gheall air. "'Seadh, máiseadh," ar seisean, "cuir i gcás ná déanfadh bhur lucht tírghrádha an gníomh misniúil ar dtúis, tá sé ráidhte agat go bhfuil deimhne i dtaobh na ndaoine agat. San gcás san ní bheidh agat ach taidhleoirí a thoghadh ó'n arm agus leigean dóibh oibriú go sealadach nó go mbeidh dlúthas déanta oiread agus mhúsclóchadh an misneach ag na daoine go ndearnais iad a luadhadh." Dubhart-sa, ar an tslí sin go mb'fhéidir go n-éireochadh le n-ár saothar, nach cinéal de rialtas mileata, ámh, dob annsa liom féin mar thosnú ach go mba mhaith an leithscéal dúinn an riachtanas chun gabháil le gníomh chómh dian i dtosach barr. (N.B.—Dubhart beagán éithigh san méid sin mar is é mo mhian-sa rialtas láidir, sé sin le rádh, rialtas mileata a cheapadh ar tosach; agus dá mbeadh cuid ná cómhacht agam-sa i rialtas mar sin ní dóigh liom go mbainfinn mí-áis as ach is léir dom an feidhm a bhainfeadh cladhairí polaitidheachta as, dá mbeadh a leithéidí 'nár measc. Ní gábhadh annso aiste a scríobhadh i dtaobh an scéil, ach is é toradh mo mhachtnaimh agus gach ní san scéal do mheas, gur treise ar an tairbhe, ná ar an neamháis agus an baoghal a thiocfadh d'á chionn; agus táim-se, maidir le duine, sásta gabháil lem chuid de'n bhaoghal agus de'n fhreagarthacht. Do bhí áthas orm d'á bhrí sin nuair do tharraing De La Croix an scéal anuas.) Dubhart-sa, gan aon amhras gur laguigh an socrú do luaidh sé féin feidhm m'argóna-sa go mór i dtaobh an gábhadh a bhí le sluagh iomadúil. Dubhairt sé annsan ó na rudaí a chuir Madgett fé n-a bhrághaid féin go raibh sé d'á cheapadh aige nár ghábhadh fir ar bith a chur ann. Dubhart-sa gur réidhtigh sin go maith lem theoiric-se mar, dar go deimhin, má ba bhaoghal aon fhrithiarracht náisiúnta nár gcoinnibh nár mhiste a rádh gur bheag an mhaith cúig mile fear chun forghabháltas a dhéanamh.

Do tharraingigheas malairt scéil annsan chugam agus dubhart, maidir leis an iomluchtadh thar lear, pé beag, mór a cuirfaí ann gurbh fhéidir go mb'fhiú a bhreithniú arbh fhearr a dhéanfaí é ó'n Hollainn, gur lugha a bhí faireadh ar a cuanta san, dar liom, ná ar chuanta na Frainnce; agus ná raibh, ar aon chuma, aon chuan ag

Sasana i gcómhair loingeas cogaidh i n-aon áit lastuaidh de Phortsmouth ionnus dá mbeadh, féin, cabhlach léi ar imeallbhórdaibh na Hollainne go mbeadh ortha filleadh uaireannta chun aithghléasta, agus le linn trátha aca-san go bhféadfaí gluaiseacht ar an eachtra. D'fhiafruigh sé dhíom "an rabhas deimhnitheach ná raibh aon chuan ag Sasana lastuaidh de Phortsmouth ?" Dubhart go rabhas "go lándeimhnitheach." "Ná fuil i nAlbain ?" ar sé. Do thaispeánas an léarscáil do. (Do bhí iarracht d'iongnadh orm nárbh fhios do an méid sin.) Do tharraing san anuas an seanscéal i dtaobh bréagadh a dhéanamh ar na hÉireannaigh mairnéalach atá i gcabhlach Shasana, scéal dar le duine a thaithnigheann go mór le De La Croix, ach gur dóigh liom-sa gur díth céille dearg é. Do cheistigh sé mise, mar a dhein cheana, dá dtugtaí teagasc ar bheagán aca agus leigean dóibh éalódh nach dóigh go músclóchaidís an tírghrádh ins na mairnéalaigh Éireannacha agus go gcuirfaí friothghluaiseacht ar siubhal i gcabhlach Shasana. Do fhreagruigheas-sa fé mar dheineas cheana go mba mhaith an obair í gan amhras dá ndeintaí gníomh d'á réir 'na diaidh, ach ar an am gcéadna go raibh baoghal ann go bhfaghadh Rialtas Shasana rabhadh ; go bhfaghadh sé an rud a bheartuigheas-sa i dtaobh an scéil san dara meamram, mar a bhfeicfeadh sé go raibh gábhadh fírriachtanach im thuairim-se le rialtas Éireannach ; ná raibh aon iontaoibh agamsa as tírghrádh na mairnéalach Éireannach ach go raibh as an dúil agus an tsainnt ar mhaithe leo féin a bhí ionnta ; go bhféadfaimís tráchtáil Shasana uile a thairgsint dóibh mar shreib, agus ná fuil ag Sasana 'na aghaidh sin thar n-ais ach corp nirt agus smachtoilteacht ; agus chuireas é sin 'na luighe ar an Aire chómh maith agus leigfeadh mo chuid Frainncise breallaighe dhom é.

Dubhairt sé annsan go mba ghábhadh daoine cearta a chur go hÉirinn chun rabhadh a thabhairt do na daoine ann i dtaobh an ní bhítheas ar intinn a dhéanamh. Dubhart go mba leor aoinne amháin. D'fhiafruigh sé dhíom "arbh aithnid dom duine dárab ainm Duckett ?" (an duine úd do tharraing amach an páipéar Sasanach chun mise a mhealladh). Dubhart leis nárbh eol dom aon ní 'na thaobh. D'fhiafruigh annsan díom "arbh aithnid dom sagart d'árbh ainm Síomon ?" Do fhreagruigheas go raibh cuimhne éigin agam ar Mhac Síomoin, sagart, i nÉirinn ach ná raibh aon aithne phearsanta agam air. Dubhart, leis, go rabhas go mór i n-aghaidh sagairt a leigean isteach ar an ngnó ar aon chor, go raibh a n-urmhór

i n-aghaidh na Réabhlóide san bhFrainnc, agus má b'fhéidir fear mileata d'fhagháil go mb' é b'oiriúnaighe ; go mór mór ó chuirfeadh san misneach ar na daoine go mbeadh air cainnt leo, óir chuirfeadh san i n-úil dóibh go raibh an Rialtas Franncach ar intinn dáiríribh san ngnó. Dubhairt sé go mbeadh sé ag faireadh do dhuine mar sin. Níor scaoileas an chaoi tharm gan a rádh ná raibh aon aimsir le cailliúint mar go raibh an tráth de'n bhliain ag teacht nuair a bheadh cabhlach na Mara nIocht ar muir agus na foslongphorta airm ar bun i nÉirinn fé mar is gnáth timcheall lár Bealtaine nó tosach Meithimh. Dubhairt sé d'á luighead ullmhúcháin a dhéanfaí go mbainfeadh sé mí beagnach díobh, Dubhart-sa go ndéanfadh sé an gnó i gcionn mí ach dubhart arís ná raibh nóimeat le cailliúint. Do ghabhas mo chead aige tar éis uair go leith a chluig nach mór do chaitheamh 'na theannta.

Ar gach ní a mheas dom, ní mór an glionndar atá orm ó chómhrádh an lae indiu. Muna bhfuil luigheadaithe ar mo mhuinghin, is dearbh ná fuil méadaithe air. Is léir dom ná fuil aon bhogadh ar an Aire maidir le n-a bheartú suarach féin agus is truagh liom é. B'fhéidir ná fuil cead a mhalairt aige toisc nithe éigin atá 'ghá theanntú ; ach má tá ar chumas Rialtais na Frainnce congnamh a thabhairt dúinn agus ná tugaid, is dream suarach polaitidheachta iad. Céad agus trí bliana ó shin thug Louis XIV failllighe i gcaoi d'á leithéid chun Éire a dheighilt ó Shasana, agus is trúig caointe do'n Fhrainnc sin riamh ó shin. Is é an fuadar mallaradhairceach gur ghaibh sé sin, leis, leis : gan bheith i gcúram aon ní ach Sasana a chiapadh agus leigean d'Éire baint amach di féin. Tá súil agam go ndéanfaidh an Phoblacht gníomh ó chuspóirí níos uaisle, agus le léargus níos foirleithne. Pé scéal é tá mo dhualgas déanta agam-sa ó chuireas an fhírinne 'na láthair agus ní staonfad de bheith 'ghá dhéanamh agus 'ghá thathant gach aon tráth a gheobhad caoi chuige. Má thugaid cúig míle fear dúinn, bíodh amhlaidh. Muna dtugaid, "*Let the sheriff enter, if I become not the gallows as well as another, a plague on my bringing up.*"

Dáiríribh, thabharfainn fé muna mbeadh *ach céad fear* agam. Is beag le rádh m'anam agus bheadh súil agam ná beadh baoghal a chaillte orm, ach oiread. *Please God, the dogs shall not have my poor blood to lick.* San gcás san, mar adubhart le hádhbhacht cheana, má's gearr do'n mhaide bheidh againn caithfeam méadú ar an neart laistiar de. Caithfeam, fostadh éigneach a dhéanamh. Caithfeam ár saoirse do bhuadhadh pé ní bheidh thíos leis. Muna

dtugaidh lucht ionnmhusa a gcabhair linn caithfear iad a threascairt; ní beag de thaca dhúinn-ne congnamh an dreama mhóir mhaith sin de'n phobal *lucht an díth ionnmhusa.*

Márta 12.—Cuaird ar Mhadgett. Deir sé liom go bhfuil an obair ag dul chun cinn ach go bhfuil Rialtas na Frainnce i dteannta thar fóir de cheal airgid ; go raibh an Árdchómhairle, le roinnt laethe ar barraoid éirghe as oifig agus go rabhadar tar éis a chur i n-úil do'n Dáil Reachtais go n-éireochaidís muna dtagtaí chun fóirtheana ortha go ceart. Do bheadh aithmhéala an domhain orm dá dtárluigheadh san. Ní har son na Frainnce amháin é ach ar son na hÉireann, leis, mar creidim gur dream éifeachtúil, macánta iad. Dubhairt Madgett liom 'na theannta san go raibh athraithe móra ar barraoid teacht ; nárbh aon athrú gníomh é ach athrú ar dhaoine ; go raibh an dream a bhí d'iarraidh teacht isteach ag cur constaicí sa tslí ar an Rialtas atá anois ann chun a chur d'fhiachaibh ortha éirghe as ; dá dtagadh an t-athrú ná bainfeadh sé leis an Árdchómhairle ach go mbainfeadh leis na hAirí ; maidir le gnóthaí na hÉireann gur mó an mhaith ná an t-olc a dhéanfadh an t-athrú dhóibh ; gurbh é an dream Iacobíneach go raibh súil aca teacht i gcómhacht, agus nárbh iad na huathbhásairí ach na fírIacobínigh bunaidh do chuir tús leis an Réabhlóid ; dá mbeidís sin i gcomhacht gur dearbh leis go dtiúbhraidís deich míle fear dúinn ; maidir le Bournonville, ámh, gurbh fhuath leo é agus dar ndóigh ná ceapfaí 'na Thaoiseach é. Má tá athrú le bheith ann caithfead a admháil gurab iad na hIacobínigh ba mhaith liom a theacht i gcómhacht arís mar is dóigh liom nár mhiste Rialtas na Frainnce beagán bríomhaireachta a chur ionnta. Ar an ngnó go léir a mheas ní mór an glionndar a chuireann ár gcúrsaí, mar atáid fé láthair, orm.

Márta 13.—Do chuas mar is gnáth go dtí an ceoldráma. *Serment de la liberté.* Aithdéanamh a bhí ann ar an Champ de Mars mar bhí lá an chonfédération. Mar is gnáth is taispeánadh mileata ar fad a bhí ann. Ar an móirshiubhal bhí díorma d'fhearaibh óga i n-éide mileata ach gan airm aca. Le linn bhéarsa áirthe de'n ioman a chanadh ós cómhair altóir na Saoirse, ghabhadar i dtreo na ngrenadóirí a bhí fé arm agus ghlacadar uatha a gcuid arm, bhuaileadar ar a nguailne iad agus chuadar 'na n-ionada féin ins na ranga ; annsan ghabhadar an dream ar fad tré chleasa airm agus gleacaidheachta cuirp; óir, mar atá ráidhte cheana agam, is do'n chinéal san balléidí atá gradam ag muinntir na Frainnce fé láthair. Ar deireadh tháinig dream d'ógmhná breághtha, cómhuimhir na n-óigfhear a bhí ann ;

bhí claidhmhte nochtaithe 'na lámhaibh leo agus chóirigheadar iad féin ar thaobh de'n árdán agus cóirigheadh na fir ar a n-aghaidh anonn ar an taobh eile. Do ghluaisigheadh gach ógán ar a cheart i ndiaidh a chéile isteach i lár baill mar a mbuaileadh a leannán leis go dtugadh a chlaidheamh as lámh léi dho, agus go mbagruigheadh leis an láimh eile dho chun altóir na Saoirse. Do phógadh an t-ógán dornchladh an chlaidhimh agus chuireadh 'na thruaill é ; do chúlaidis araon chun a n-ionad féin annsan agus dheineadh an bheirt 'na ndiaidh an gnó céadna arís nó go raibh a gclaidhmhte fachta aca go léir agus iad tar éis beannú d'á leannána. Do thógadar le 'chéile claisceadal mór annsan agus ghluais na saighdiúirí chun siubhail i dtreo teorann na tíre d'á chosaint mar 'dheadh agus na mná ar thulach 'ghá mbreithniú ag gabháil na slí.

Ní heol dom cad a cheapann an Búrcach ach is é mo thuairim chneasta-sa ó'n ngreim a rug an rud san ar an lucht seallaidh ná fuil ré na ngníomh ridireachta caithte fós san bhFrainnc. Ní fhéadfainn-se cuimhneamh ar aon ní is fearr a bhéarfadh greim ar aigne fir óig de'n Fhrainnc ná radharc suaithinseach d'á leithéid sin ; agus go deimhin, bíodh nach Franncach mé féin, ná mé ró óg ar láthair na huaire, chorruigh sé go mór mé. Is dearbh liom ná fuil aon ní ar domhan is mó go ngéillim do ná do thuairim mo mhná ; gach gníomh beagnach d'á ndeinim tá baint aige léi sin a bheag nó a mhór, agus san ngnó áirithe atá mar chúram anois orm, má éirigheann liom ann is é a moladh san an duais is annsa lem chroidhe d'á n-iarrfad agus d'á bhfaghad. Ní féidir a mheas (sin bréag agam; is rómhaith is féidir a mheas) cad é a thoradh ar spioraid an fhir áirdmheas nó táirmheas mná a bheith air. Le linn do Hector bheith 'ghá mheádhadh 'na aigne ciaca sheasóchadh sé an fód nó theichfeadh sé roimh Achilles is é bheir ar chómhairle chinnte é ná cad déarfaidh mná na Trae 'na thaobh. "*Bantracht uaibhreach na Trae is a mbruit ag scuabadh an fheoir.*" Agus measaim d'á réir sin gur mar atá anois a bhí an nádúir san duine trí mhíle blian ó shin, agus ba mhaith dob eol do Homer san agus do Shakespeare agus d' Fhielding a léirigh ar fheabhas an poinnte céadna mar ar chuir sé Baintighearna Bellaston ag tabhairt greasachta ar Thighearna Fellamar. Chun teacht ar ais ar an scéal, táim fé chomaoin chómh mór san ag mo mhnaoi de bhrí a sáiriomchuir ar deich míle ócáid go mbraithim é bheith de cheangal diongbhálta orm gach dícheall im chumas a dhéanamh chun ionad éigin a chur i n-áirithe dhi féin agus d'á báibíní beaga cumainn do réir mar ba dhual d'á móirthréithe

agus dom thuairim-se dhíobh. Nílim-se gan miangus agus uaill, tá a fhios ag Dia. Is áil liom mórchlú agus dar liom go mba mhaith liom cómhacht, ach do bheirim mo bhriathar solamhanta ar an láthair seo gur fearr liom moladh óm mhnaoi ná ó'n saoghal mór uile. 'Seadh, má éirigheann liom annso bead fé árdghradam, agus ní mór dom cead chun a rádh go mbeidh san tuillte agam, agus d'á bhrí sin beidh sise mórdhálach asam-sa, agus mise aisti sin, agus bíodh an tuairim sin mar bhuille scuir ar iris an lae seo.

XX

AN TAOISEACH Ó CLÉIRIGH

1796—MÁRTA 14 GO MÁRTA 26

Agallamh ag Tone leis an Taoiseach Ó Cléirigh. Tuairimí agus tuigsint aisteach aige sin i dtaobh na hÉireann, dar le Tone. Cainnteanna le Madgett. Míoshásamh Tone le haon tsagart a chur mar thoscaire go hÉirinn. Eadarghnóthaí Tone le Carnot, Ó Cléirigh, agus Madgett, gan 'fhios d'á chéile. Ceist cad a dhéanfaí d'Éirinn dá mbuaidhtaí saoirse dhi. Moill ar pháipéir. Othello. Cainnt le hÓ Cléirigh ar uaisle na hÉireann. Ceist cothaithe sluagh airm ó'n bhFrainnc i nÉirinn. Aithscríobhadh ar na meamraim. Scéim Mhadgett chun spioraid ceannairce a mhúscailt ameasc Éireannach i gCabhlach Shasana. Prieur de La Marne. Gléas Tone chun na príosúnaigh Éireannacha a mhealladh ar a thaobh. Tone ag scríobhadh fhorógraidh do na Franncaigh fé thuairim a fhoillsithe i nÉirinn le linn teacht innti. An buidéal de'n fhíon Burguinneach.

Márta 14.—Do chuas indiu go dtí an Luxembourg. Tá sé de'n ádh orm dul ann ar na laethe go dtugann Carnot éisteacht, agus go mbíonn, d'á bhrí sin, go ró ghreithleánach. D'fhanas, pé scéal é, go deireadh go dtí ná raibh ann ach duine eile de bhreis orm féin. Do ghlaoidh Carnot anonn orm agus do ráidh " Éireannach iseadh tusa." Dubhart-sa gurbh eadh. " 'Seadh mar sin," ar sé, " seo annso duine is cóimhthíreach nach mór duit, agus a labhrann an Béarla ar fheabhas. Tá sé fé mhuinghin ag an Rialtas, téirigh 'na theannta agus tabhair fios do scéil go hiomlán do gan cheilt." Ní ró mhaith a thaithnigh liom mé chur go duine eile mar sin, ach ní raibh aon leigheas air agus do leanas mo leannán nua go dtí n-a ionad ósta. Ar an slí dhúinn d'innis sé dhom gurbh é féin an Taoiseach Ó Cléirigh, gurbh Éireannach a athair, go raibh féin i nÉirinn agus go raibh mórán gaolta aige san tír sin ; agus chuir sé leis sin (go maithidh Dia dho é má ba scailéathan a bhí aige) gur tré n-a lámhaibh sin a ghaibheadh gnóthaí mileata uile na Poblachta, agus go dearbh chuir sé n-a luighe orm go raibh féin 'na cheann ar Roinn an Chogaidh. Fé'n am so shroicheamar an tigh ósta mar a

raibh a bhureau aige agus thugas fé ndeara ar ghabháil dom tré n-a oifig go dtí n-a sheomra, mórchuid boscaí agus Armée du Nord, Armée des Pyrennées, Armée du Rhin, ⁊rl., ⁊rl., scríobhtha ortha, ionnus go rabhas cuibheasach deimhnitheach go rabhas san ionad ceart.

Nuair a chuamar san tseomra d'innseas do go cumair cé hé agus cad é mé féin agus chromas annsan ar a innsint go léirfhada dho gach eolas a bhí agam ar aiste na hÉireann agus ó tá san im dhá mheamram, go dtugas fios 'na dtaobh do, ní gábhadh a chur annso síos arís. Do bhain san tamall maith dhíom—uair go leith a chluig measaim. Do chrom sé annsan ar mé cheistiú i dtaobh cuid de na nithe i slí a chuir i n-úil dom go raibh sé gan eolas ar bith a dtaobh aiste na hÉireann fé láthair agus go mórmór i dtaobh na n-athraithe a thárlaidh innti leis na trí nó na cheithre bliana so caithte. Ní é sin, ámh, nach aon adhbhar iomcháinte ar a bhreithiúntas ná ar a thallainn é ; ach bhí, fós, poinntí eile go raibh sé ar fad ar iomroll 'na dtaobh. Mar shompla d'fhiafruigh sé dhíom ná beadh cuid d'uaisle na tíre, agus luaidh sé cuid aca, Iarla Urmhumhan ar dhuine aca, taobhach leis an iarracht a tabharfaí chun saoirse a bhaint amach. " Go dearbh, ní bheidís," arsa mise, agus d'iarras air gan a dhearmhad dá dtugtaí fé'n ngníomh gur iad na gnáth-daoine a dhéanfadh é agus nach iad a malairt ; go gcaithfeadh sé a chur san áireamh gach frithbheart freasabhra a bheadh i gcumas na n-uaisle i nÉirinn go ndéanfaidís é ; agus an Réabhlóid san bhFrainnc a thug misneach do'n phobal coitchionn gur chuir sé an oiread céadna de scannradh ar na huaisle, le heagla fuadaithe a dtideal agus a n-eastát; go raibh greasacht díchealladh d'á thabhairt ag an Aire Sasanach ortha, agus go raibh sé tar éis a chur 'na luighe ar gach fear sealbhtha ionnmhusa ná raibh de dhídean aca ach cabhrú go diongbhálta leis féin i ngach gníomh a ceapfaí d'fhonn cosc a chur leis na nithe go dtugtaí prionsabail Franncacha ortha ; agus d'á bhrí sin, maidir le haon ní bheartóchadh sé 'na aigne, go gcaithfeadh sé gach dícheall freasabhra ó n-a huaisle d'áireamh 'na phoinnte bunaidh. Dubhart san am gcéadna dá dtéightaí i dtír i nÉirinn nárbh fhiú trácht ar a ndícheall súd mar gur bheag é cion na ndaoine ortha toisc a olcas a dheineadar iad féin d'iomchur, gur cheapas go dtréigfeadh a gcuid tionóntaithe agus a lucht leanúna iad agus ná beadh ionnta ach mar bheadh aonaránaigh daoine gan treoir, i n-uireasbhaidh nirt agus cómhachta. Annsan dubhairt sé gur bréagnú ar mo scéal-sa Cómhdhála úd na nÓglach

san mbliain, 1783; gur tré na treoraithe d'oibrigh na daoine an uair sin. Thugas mar fhreagradh air go ndearnadar, gan amhras, agus ó dheineadar na treoraithe fealladh ortha go raibh an chómhdháil chéadna san ar cheann de na cúiseanna fá nár fhan iontaoibh ar bith aca as an dream d'á ngairmthí treoraithe. Do thagair sé annsan do'n chíréib agus do'n fhuildhortadh a thiocfadh dar leis de dheascaibh daoine de'n chinéal a innseas do, agus de'n chinéal dob eol do féin a bheith ins na hÉireannaigh, do scaoileadh ó smacht, gan daoine oiriúnacha ós a gcionn chun a gcuthach a chur fé threoir agus a mhaolú. Dubhart-sa gurbh í sin féin an fhírinne; go bhfeaca féin chómh maith agus chonnaic seisean go ndéanfaí gníomhartha le linn an chéad pléasctha a bheadh go ró-uathbhásach; ná déantar réabhlóidí gan mórchuid dochraide do dhaoine áirithe; insa chás so, ámh, dá dtéigheadh an scéal chun uilc thar fóir ná beadh ann ach saghas frithíoc cirt, mar ná raibh aon dream fear ar domhan ba mhó tíorántacht agus géarsmacht ó bhunadh ná an dream go mba dhóiche dóibh fulang le holc dá dtuiteadh amach fé mar bhí ráidhte aige; gur minic a dheineas ceisneamh im aigne (agus a fhios do Dhia gur mar sin a bhí) i dtaobh an riachtanais a bhí ag gabháil le n-ár gcúrsaí, ach ó'n aiste 'na raibh Éire ná raibh de rogha aici ach géilleadh go hiomlán do Shasana nó éirghe amach agus dul i mbaoghal gach dochraide leanfadh é; agus go rabhas-sa ar na daoine a thógfadh de rogha an deacracht, agus an baoghal, agus an cruadhtan, seachas bheith i sclábhaidheacht daoirse, go mórmór nuair nár léir dom aon mheoin eile. "Is láinfhíor é sin," ar seisean, "níl fagháil ar *omelette* a dhéanamh gan uibhe a bhriseadh."

Do thaidhsigh sé fós dom, ámh, go raibh leagadh aige le cómhoibriú ár gcuid uaisle, agus measaim-se gur corp díth céille é sin. D'fhiafruigh sé dhíom ná raibh duine amháin féin de'n dream san go bhféadfaí feidhm a bhaint as, agus do luaidh arís mar shompla, Iarla Urmhumhan. "Níl duine," arsa mise, agus maidir le Tighearna Urmhumhan, gur bhrúid mheiscidh é gan chlú d'aon tsaghas ach é bheith 'na dhaoiste aineolach; gur cheapas, maidir lem thuairim phríobháidigh, phearsanta, féin a luadh, go mb'fhéidir go ngeobhadh Diúic Laighean leis na daoine, dá gcuirtaí tús leis an réabhlóid mar gur cheapas gur deaghÉireannach é; ach maidir leis an dtuairim sin, ná raibh ann ach mo thuigsint féin, agus ar aon chuma dá mdeintaí an tosnú aon uair amháin nár mhór an tábhacht ciaca taobh go ngeobhadh aonarán duine ar bith leis.

Ní fheadar conus a tháinig ainm Mhic Giobúin isteach san scéal le n-a linn sin, ach d'fhiafruigh sé dhíom nárbh fhéidir aon tairbhe do bhaint as. Duine ar bith go bhfuil eolas i dtaobh na hÉireann aige is furus do a thuigsint a dheacra dhom freagradh stuamdha a thabhairt ar an gceist sin. Baineann sé go mór le deallramh dar deimhin go gcuirfeadh Mac Giobúin, agus an t-ionad atá aige, agus a chuid prionsabal, agus na nithe go bhfuil súil aige leo nó eagla aige rómpa, agus gnáthamh a iomchuir de shíor d'áireamh—go gcuirfeadh seisean tús le réabhlóid i nÉirinn. Fé dheireadh dar liom chuireas an Cléireach i n-eolas ar scéal na cabhrach a bheadh le fagháil ó n-a huaisle seo againn-ne.

D'fhiafruigh sé annsan díom cad é mo thuairim cá stadfadh an réabhlóid dá dtosnuightaí air. Do fhreagruigheas gurbh é mo thuairim gur poblacht, dar ndóigh, a bheadh i gceangal cáirdeasa leis an bhFrainnc, ba chríoch dho. Do chuir sé ceist annsan cad é an tacaidheacht d'fhéadfainn a thabhairt ná faghthaí sinn, i gcionn fiche bliain tar éis saoirse d'fhagháil, i gcómhpháirt le Sasana 'nár namhdaibh do'n Fhrainnc. Do cheapas gur bhaoth thar cionn an cheist í agus ní dubhart ach ná féadfainn a innsint roim ré cad a thiocfadh as cúrsaí fiche blian, ach ó'n bhfuadar a bhí fé rudaí fé láthair ba bheag rud ba neamhdhóiche im thuairim-se ná é.

Do ghluais leis annsan go dtí an forlámhas atá ag an gcléir Chatoilicigh ar aigne na ndaoine agus an baoghal a bhí ann go n-iompóchaidís i gcoinnibh na Frainnce iad. Do dheimhnigheas do gurab amhlaidh mar atá sé: gur dóiche go mór an Fhrainnc d'iompódh na ndaoine i n-aghaidh na cléire, go dtárlaidh athrú iongantach le roinnt bheag bhlian anuas, sé sin ó Réabhlóid na Frainnce anuas, maidir le cómhacht na sagart i nÉirinn. Do léirigheas do mar d'iomchuir an dream san iad féin le linn gnótha na gCatoiliceach, agus mar a thuilleadar agus a fuaireadar míochlú d'á chionn. D'innseas an scéilín do i dtaobh leagáid an Phápa, atá 'na Árdeaspog ar Bhaile Átha Cliath, leis, gur baineadh de riaradh dearbhtha a shéipéil féin, conus mar thug sé iarracht ar chosc a chur le cruinniú polaitidheachta istigh ann agus mar cuireadh d'fhiachaibh air géilleadh, agus bheith láithreach ag an gcruinniú é féin; ach go speisialta chuireas síos do ar ghníomhartha na sagart a chuir fé choinnealbháthadh na Cosantóirí, agus fiú a dhiúltuigh na sacraimíntí a thabhairt do chuid do na fearaibh bochta *in articulo mortis;* agus, bíodh gur tábhachtach ag Catoiliceach na nithe sin, níor éirigh leis an iarracht san aige. Do chuaidh an ní deiridh sin i bhfeidhm

go maith air measaim. Dubhairt sé annsan liom gan bhrí, mar seo nó mar siúd, a bhaint as aon rud a luadhadh an lá san ; go léighfeadh agus go ndéanfadh sé breithniú géar ar mo dhá mheamram, ach nárbh fholáir dom a thuigsint ná féadfaí gnó chómh mór leis a chur tré 'chéile le linn aon chómhráidh amháin, agus gan annsan féin ach an chéad cheann ; nár bheithte dhom, ámh, dul i n-éadóchas toisc nár scaoil sé níos mó d'fhios a aigne chugam. Dubhart d'á fhreagairt gur thuigeas an méid sin agus ar an ócáid sin gur dhomh-sa, gan amhras, ba cheart an chainnt a dhéanamh agus do-san éisteacht ; nár dhómh-sa fios d'fhagháil ach fios a thabhairt uaim. Do shocruigheas annsan leis filleadh i gcionn sé lá (an chéad lá 'Gherminal) agus tar éis a rádh leis na meamraim féin d'fhagháil, ó bhí an Béarla ar fheabhas aige, agus ná beinn-se freagarthach i n-aon aistriúchán ná feaca féin riamh, d'fhágas slán aige.

Is léir anois dom go bhfuil tuairimí an Chléirigh i dtaobh cúrsaí polaitidheachta na hÉireann ar a luighead triocha bliain chun deiridh ar thuairimí na ndaoine, agus dheineas iarracht air sin a chur i n-úil do chómh deaghmhúinte agus dob fhéidir liom. Do bheadh againn do réir a theoirice sin, dhá dhream le Dia chun cabhraithe linn mar thosnú, na huaisle agus an chléir. Tá súil agam, ámh, gur mhaoluigheas cuid de'n díth céille sin aige, ar chuma, nuair a léighfidh sé na meamraim fé shuaimhneas, go dtuigfidh sé an díth céille atá san scéal.

Dála an scéil, fuaireas fios nár cuireadh mo chuid meamram í láthair na hÁrdchómhairle ; is olc é sin ; tá súil agam go bhfuilid i dtreo anois chuige. Nuair a luadhas gur chuir De La Croix ag triall ar Mhadgett mé dob iongnadh liom a fhios d'fhagháil nárbh aithnid do'n Chléireach Madgett. An té bheadh ag éisteacht le Madgett ag cainnt cheapfadh sé nárbh fhéidir do'n scéal a bheith amhlaidh. Bheith im dhuine deorata fé ndeara é seo. Caithfead mo shlí a mheabhrú annso chómh maith agus fhéadfad. Do chuir Carnot mé go dearbhtha go dtí an Cléireach, agus má tá sé chómh rannchómhairleach agus a chuireann sé i dtuigsint dómh-sa, níl aon chúis gearáin agam ; ach cuir i gcás ná fuil, cá bhfuil mo leigheas-sa, agus conus fhéadfad-sa fios deimhnitheach d'fhagháil ar an gceist sin ? Ní haithnid dom aoinne annso go bhféadfainn tuairisc an ghnótha a chur air. Má fhanaim ar ionchaibh íochtarán bead ag cur mo ghnótha i mbaoghal a chlisithe agus bead ag obair i n-aghaidh mo mhéine agus mo bhreithiúntais. Má théighim ar ais go dtí na cinnirí is baoghal go gcuirfead na híochtaráin i n-earraid liom, agus

an feithide is suaraighe, níl sé gan cumas éigin chun uilc ann. Dob fhearr liom claoidhe le Carnot ach cad tá agam le déanamh ó thug súd ar láimh do'n Chléireach mé? *"Suffolk, what remedy?"* Ar aon chuma caithfead leigean do rudaí gluaiseacht leo mar atá aca fé láthair nó go bhfeicead bearna éigin, nó gur léir dom go mbeifar ag tabhairt faillighe ionnam. Go dtí so is deimhin ná fuil aon chúis gearáin agam. *"A pize upon thee for a wicked La'yer, Tom Clarke,"* b'fhearr liom gnó a dhéanamh led mhaighistir ach ní féidir é sin fé láthair, agus d'á bhrí sin *'Tis but in vain,* ⁊rl. Chífeam cad a thabharfaidh an chéad lá 'Gherminal chugainn agus go dtí sin níl agam ach, mar adeir Maití *"Let the world wag."*

Ní gábhadh dhom a rádh ná cuirim síos ach creatlach na gcómhráidhte go bhfuil trácht ortha ins na scríbhinní so. Tá na mílte poinntí bhaineann leo nach féidir a mhionáireamh. Dob é adhbhar mo chainnte de ghnáth na nithe tá curtha síos agam im dhá mheamram, agus dheininn mo dhícheall chun iad san a léiriú agus chun seasamh leo chómh tréan agus bhíodh im chumas, agus mé ag cur mo mhuinghine, thar gach ní eile as na Cosantóirí, as na Dí-aontaigh, agus as an cómhshnaidhmeadh a deineadh le déannaighe idir lucht leanúna na gcreideamh, rud, adubhart, ba shárthábhachtach, conus mar a ghoillfeadh an scéal ar chómhacht Shasana ar muir, agus an toradh ba cheart dar linn a theacht ó na fógartha go ndearna tagairt dóibh san dara meamram dár scríobhas, agus thaidhsigh dom go ndeaghaidh san i bhfeidhm go maith ar aigne an Chléirigh, bíodh go ndearnaidh sé argóint 'na gcoinnibh nó gur chuireas ceist air conus a thaithneochadh leis bheith i n-ionad aimiréil Shasanaigh ag gluaiseacht as Portsmouth agus an scéal aige mar bhí léirithe agam do; agus leis sin do ghéill sé go galánta. Níl innsint mionchruinn air sin go léir d'á chur síos agam mar ní bheadh ann go dearbhtha agam ach foirleathnú ar a bhfuil im chuid meamram.

Tá ní amháin a chaithfead a rádh annso: cé go ndubhart le Carnot go rabhas ag cainnt leis an Aire, ní dubhart riamh leis an Aire go rabhas ag cainnt le Carnot. Mar an gcéadna is eol do'n Chléireach go rabhas fara Madgett ach ní heol do Mhadgett go bhfuilim tar éis bheith ag an Luxembourg. Is geall le saghas calaoise é seo; má's eadh is é an t-ionad 'na bhfuilim fé ndeara é. Táim ag déanamh do réir an bhreithiúntais is fearr im chumas agus níl oiread agus duine agam chun dul i gcómhairle leis .A Ph.P. a Ph.P. cad é ná tiubhrainn ach tú bheith annso agam indiu. *Mem.* Fíon Bhurguinne i dtigh Bheauvillier, ⁊rl.

Márta 15.—Do chuas chun bricfeast fara Madgett toisc nóta a fuaireas uaidh. Áirdmhisneach ar Mhadgett; adeir sé liom go bhfuil gach rud ag dul ar aghaidh chómh maith agus dob fhéidir; go bhfuil ár ngnó fé bhrághaid na hÁrdchómhairle; go bhfuil sé beartaithe aca gléas airm do chaoga míle fear a thabhairt dúinn, ordnás i gcómhair sluagh airm de'n méid sin, sé chéad seachtmhó a dó de channónóirí agus demibhriogáid go mbíonn ann, adeir sé, ó thrí mhíle go dtí cheithre míle fear agus go dteastuigheann ó'n Aire mo thuairim d'fhagháil i scríbhinn i dtaobh cá raghthaí i dtír. Do bhí san uile go maith agus go cruinn. Dubhart-sa, leis an saghas san sluaighe, gur i n-aice Bhéal Feirste a chaithfimís dul i dtír, agus ropadh linn láithreach chun seilbh d'fhagháil ar Shliabh an Fheadha atá mar sciath ar Chúige Uladh, go dtí go bhféadfaimís ár sluagh a chruinniú agus a chur fé airm, d'á bhféadthaí é gur ceart dream eile a chur i dtír i gCuan na Gaillimhe agus gur cheart do'n arm san chómh luath agus dob fhéidir, dul ar scáth na Sionainne, urmhór na ndroichead a bhriseadh, agus daingniú cosanta a chur ar an gcuid eile; mar sin go mbeadh leath na tíre fúinn mar thosnú, agus é sin ar an gcuid ba mhíoshuaimhneasaighe di; maidir leis an gcuan longghabhála, gur luaidh an tAire é, leis, thráchtas ar chuan éigin san Hollainn, ar an gcéad dul síos toisc gur lugha an faireadh bhí ortha ná ar chuanta na Frainnce, agus fós toisc gan ag Sasana ach aon chuan amháin lastuaidh de Phortsmouth mar a bhféadfadh sí aithghléasadh cabhlaigh a dhéanamh, mar dá gcuireadh sí cabhlach san Muir Thuaidh féin go mbeadh air filleadh uaireannta chun aithghléasta agus go bhféadfaí gluaiseacht ar an bhfeachtas san eadramh. Má bhí, ámh, faireadh ró neartmhar ar chuanta na Hollainne d'fhéadfaimís gluaiseacht ó aon cheann de chuanta na Frainnce atá ar an mórmhuir, agus seoladh d'imeall iarthair na hÉireann timcheall go Loch Laoigh Bhéal Feirste. Do scríobh Madgett an méid sin i bhFrainncis agus chuamar i dteannta 'chéile go dtí an tAire mar a dtug sé dhó é ós mo chómhair.

Adeir Madgett liom go bhfuil Prieur de La Marne páirteach san rún agus go bhfuil moladh agus urraidheacht tugtha aige le sagart d'órd na gCapuisíneach dárab ainm Mac Síomoin le dul go hÉirinn. Dubhart le Madgett go raibh an ghráin dhearg agam ar aon tsagart a leigean san scéal ar aon chor. Dubhairt sé nár thaithnigh an scéal leis féin ach 'oiread ach gurbh aithnid do Phrieur de La Marne an fear úd le fiche bliain agus go gcuirfeadh sé a anam i ngeall le hé bheith macánta. Ba chuma liom-sa san. Labharfad-sa go tur

i gcoinnibh a churtha ann. Do luaidh Madgett go raibh rud éigin ar aigne aige siúd mar gheall ar athghabháil na dtalmhaintí a coigistigheadh. Ba dheas an obair é sin mar thosnú. Thairis sin tá sé i gcéin ó'n dtír le fiche nó triocha bliain agus é gan eolas 'na taobh agus, is dóigh, nach lugha aige an diabhal ná Presbitéireach. Nárab eadh ! nárab eadh ! Má fhéadaim-se é chosc ní raghaidh sé ann ; muna bhféadaim, 'seadh, ní fhéadfad. Fear airm atá uaim-se. Pé duine raghaidh ann ní mór dómh-sa é fheicsint agus conus d'fhéadfainn-se leas mo cháirde i nÉirinn a chur ar iontaoibh duine ná beadh iontaoibh agam féin as. Agus, dar deimhin, tá iarracht d'amhras agam i dtaobh an bhfuil aon cheart agam leas duine ar bith eile seachas mé féin a chur i ngeall. 'Sé mo fhreagradh-sa, pé scéal é, ar an gconstaic sin gur scéal fírriachtanais é ; gur fém, chómhairle agus fém stiúradh féin atáim ag obair, agus le n-a gcead san ; nár chúlas féin ó aon deacair ná duadh ná dainnséar ; ná fuil ann ach an ceart go ndéanfaidís sin a gcion, go mórmór nuair ná héireochadh leis an iarracht muna ndeinidís ; agus fós, go bhfuil iontaoibh mór agam as a dtuigsint féin gan iad féin a chur i n-aon bhaoghal dob fhéidir a sheachaint, agus chun gabháil tríd an ngnó duadhmhar so mar ba chóir. Is leor na fáthanna san dómh-sa chun ainmneacha cúigir nó seisir fear a thabhairt uaim ionnus, pé duine a cuirfar ann ó Rialtas na Frainnce, má cuirtear aoinne, go bhféadfadh sé iad d'fheicsint. Ar an am gcéadna bheirim mar chómhairle gan an teachtaire d'fheicsint ach duine aca agus a fhágaint fé sin an scéal a chur i n-úil do'n chuid eile. Agus is é P.P. an duine sin. Cuirfead é i n-ionad an bhaoghail agus na honóra, bíodh go bhfuil cion dearthár agam air. Ba mhian liom Éire a bheith fé chomaoin ag an P.P. céadna. Agus caithfead a rádh annso gur aisteach liom é má bhí an scéal, mar adeir Madgett, fé bhrághaid na hÁrdchómhairle agus é chómh mór san chun cinn, go mbeadh an Cléireach gan aon eolas 'na thaobh. Níor cheapas ar Charnot indé go bhfuair sé fiú radharc ar mo chuid meamram, agus ní mór ná go gcreidim gur mar sin atá an scéal. Is dóchasaighe Madgett go mór ná mise mar is le fuaraigne thar barr atáim-se ag cur an ghnótha so go léir díom. Tá sé curtha agam rómham gan a chreidiúint go ngluaiseochar ar an eachtra so nó go bhfeicead na saighdiúirí ar bórd, ná go n-éireochaidh leis nó go mbeidh codladh oidhche déanta agam fé bhoth cnafáis i nÉirinn. Annsan is eadh thiocfaidh dóchas dom. Tá m'aigne fé láthair agam fé riail smachta agus, gan aon mhagadh, is dóigh nár mhór rud éigin an-iongantach a thuitim amach chun méadú ná

lagú meanman a chur orm. Is fíoruasal agus is feallsúnda thar barr an méid sin uile.

Adeir Madgett liom gurab é Reubell an duine de'n Árdchómhairle is mó dóchas agus díoghrais ag cabhrú leis an gcúrsa. 'Seadh ! an chéad lá 'Gherminal, is dóigh, beidh a thuille eolais i dtaobh an ghnótha agam. Tar éis an tsaoghail, ní foláir nó is fearr d'ughdarás an Cléireach ná Madgett. Rud amháin is léir dom, gur mian le Madgett mise chongbháil as radharc oiread agus is féidir agus, dar deimhin, ní haon olc atá agam chuige d'á chionn san. Bíodh san mar atá, ámh, raghad uair um a seach gan 'fhios go dtí an Luxembourg, " díreach chun radharc beag d'fhagháil ar nithe." "*Wheels within wheels?*" "*Business, business, says I, Mr. Secretary, must be done.*" Is críonna na natha meabhracháin iad. Mo dhearmhad ! Níl faillighe tugaithe agam i ngnó Mr. Wm. Browne (mo dheartháir Maitiú). Tá scríobhtha ag Lamare go dtí Guise i dtaobh an scéil sin mar ná fuair sé aon fhreagradh ar leitir i dtaobh an chúraim chéadna tuairim coighcíse ó shin. B'fhearr liom go mbeadh an Mr. Browne úd annso, ar iomad mór fáthanna.

Márta 16.—Gan aon scéal. Dinnéar im aonar agam ins na Champs Elysées. Siubhlóid sárthaithneamhach. Is fearr is eol do Fhranncaigh na slithe chun bheith fé shonas nó, pé scéal é, chun a bheith fé mheidhir, ná mar is eol do'n tsaoghal mór eile é. Ní mhaithfeadh Éireannaigh puinn dóibh ach go n-ólaid na hÉireannaigh go léir a bheag nó a mhór (taobh amuich de Ph.P. ná hólann choidhche) agus táid na Franncaigh neimhmeisciúil. Táim féin ag maireachtaint neimhmeisciúil go leor an aimsir seo óir luigheaduigheas an lón fíona go dtí n-a leath. Is baoghal liom, ámh, dá mba liom cuideacht shuairc Ph.P. amáireach, agus Lá 'le Pádraig ann, gurab amhlaidh a bheadh "*a sprig of watercresses with our bread*" againn. 'Seadh is dearbh gur maith measardha an béile a dhéanfaimís de. Ó dhe ! dhe !

Márta 17.—Lá 'le Pádraig. Dinnéar aonarach ins na Champs Elysées. Ochón ! och !

Márta 18.—Gan aon scéal. An amharclann tráthnóna.

Márta 19.—Tháinig Madgett chugam ar maidin indiu agus dubhairt liom go bhfuil beartaithe ag an Árdchómhairle briogáid iomlán a thabhairt dúinn (.i. ocht míle i n-ionad cheithre míle). D'innis sé dhom, leis, gur fhiafruigh an tAire dhe an ndeaghas-sa aon uair chuig an Árdchómhairle, agus go ndubhairt seisean gur dheimhin leis ná rabhas ann. (*Mem.* Is maith a chreidim gur ar an

bhfírinne is cóir an rath a bheith choidhche i mbun gach gnótha, idir phoiblidhe agus phríobháideach ; óir, bíodh gur le hintinn ionnraic nár innseas do Mhadgett i dtaobh na dturas a thugas ar an Luxembourg, mar sin féin chuir an cheist go mór ar míochomhthrom mé). Thugas mar fhreagradh air, de dheascaibh na móirimnidhe bhí orm chun go n-éirigheadh leis an ngnó a bhí idir lámha agam, agus de bhrí na n-órdaithe a tugadh dom gan failllighe a thabhairt i n-aon bheart a chuirfeadh eolas ar chúrsaí na hÉireann fé bhrághaid Rialtais na Frainnce, gur cheapas go raibh sé mar dhualgas orm dul, mé féin, go dtí an Árdchómhairle agus éisteacht d'fhagháil má b'fhéidir, agus gur mhóide sin é toisc Carnot, dob aithnid ó cháilibh i nÉirinn, a bheith anois 'na dhuine de'n Árdchómhairle ; agus gur ceangluigheadh orm, má b'fhéidir é, é d'aimsiú. Do thaidhsigh dom go raibh sé lántsásta leis sin agus tar éis coinne dhéanamh i dtaobh bricfeast 'na theannta amáireach, do scaramar.

Márta 20.—Bricfeast agam i dteannta Mhadgett. Teastuigheann ó'n Aire fios d'fhagháil ar cad tá beartaithe againn a dhéanamh má téighthar i dtír. Tá san mínithe cheana agam im mheamram, ach ní mór an scéal a léiriú arís agus arís eile. "*Put it to him in other words*," mar atá—tá Coiste na gCatoiliceach 'na dtaidhleoirí thar ceann an dreama san go hiomlán agus tá na Dí-aontaigh cóirithe i slí gur féidir dóibh taidhleoirí a thoghadh láithreach. Go bhfuil taidhleoirí thar ceann naoi ndeachmhaithe na tíre san dá dhream san le 'chéile agus dar ndóigh, ó'n dtreo atá ar chúrsaí fé láthair, is iad an lucht rialtais iad is fearr dob fhéidir a cheapadh i láthair na huaire. Do scríobh Madgett é sin ach níl macsamhail de agam. Is lughade a thábhacht san ó'n uair ná fuil san bpáipéar ach aithleagan ar chuid dem mheamram deiridh.

D'iarras ar Mhadgett a mhíniú do'n Aire gurbh é fé ndeara dhom dul go dtí an Luxembourg ná na hórdaithe dearbhtha a fuaireas chun dul chun cainnte le Carnot, pé aca bheadh sé i gcómhacht nó ná beadh ; go raibh áirdmheas agam ar an Aire maidir le n-a chuid tallann agus tírghrádha, agus, má ba rud ar cearr dom dul chuig Carnot ná raibh ann ach iomroll breithiúntais agam mar nárbh fholáir nó thuig sé, do réir mar bhí cúrsaí agam, ná leomhfainn cuimhneamh ar aon ní a dhéanamh ná taithneochadh le duine bheadh 'na bheart san, ⁊rl. Is dóigh liom go sásóchaidh san De La Croix ; ach is é mo thuairim, eadrainn féin, gurab é Madgett agus nach é an tAire is mó go bhfuil míoshásamh air ; mar, leis an díoghrais mhóir atá ann agus an t-imshníomh macánta atá air, dar

liom, go n-éireochadh leis an obair, ní deacair dom a thabhairt fé ndeara go bhfuil iarracht de mhian aige gach ní a dhéanamh é féin; ach mar adubhart le móraigeantacht ionmholta cheana, ní bheinn d'á chionn san i bhfeirg leis; mar sin féin, leanfad dem dheoin dem chómhairle féin beagán, gan 'fhios do'n tsaoghal go léir; ní dóigh liom go ndearna aon bhotún fós munab é dul go dtí Carnot é (agus ní dóigh liom gurbh eadh é sin) gan é a chur i n-úil do'n Aire. Do dheineas siubhlóid a chuir aoibhneas orm ins na Champs Elysées agus chaitheas dinnéar im aonar, mar is gnáthach, ag Restaurateur an-chúlráideach. Táim ag mairiúint annso i bParis im dhíthreabhach dáiríribh.

Márta 21.—Do chuas, do réir coinne (é seo an chéad lá 'Gherminal ann) go dtí an Luxembourg chuig an Taoiseach Ó Cléirigh; "*Damn it and rot it for me*"——ní fhuair sé fós mo dhá mheamram agus, féach, nach mór an crádh san? Dubhart leis go ndéanfainn macsamhail do óir bhí an dréacht tosaigh de agam. Dubhairt sé nár ghábhadh é mar go raibh meamram scríobhtha curtha isteach aige féin chuig Carnot chun fios a chur ar na buinscríbhne, agus gur deimhnitheach go mbeidís sin aige sula mbeadh an macscríbhinn déanta agam-sa.

Annsan ghaibh sé tríd an scéal go léir arís ach ní thárlaidh aon ní nua. Do thagair sé ar feadh tamaill do na huaisle agus do'n chléir, agus do fhreagruigheas é mar dheineas le linn an chómhráidh cheana. Dubhairt sé gur thuig sé nárbh aon mhaith bheith ag braith ar aon ní ó aon taobh aca, agus fhreagruigheas-sa nár mhiste dho coinne bheith aige go ndéanfaidís a ndícheall 'na aghaidh dá mbeadh aon dícheall ar a gcumas; ach, mar b'ádhmharaighe i nÉirinn é, dá dtéightaí i dtír aon uair amháin nárbh aon ní de thábhacht cad é an tuairim a bheadh aca.

D'fhiafruigh sé dhíom fé mar a dhein cheana cad é an cinéal rialtais im thuairim a cuirfaí ar bun i nÉirinn dá dtagadh an deighilt chun cinn, agus do chuir leis sin maidir leis an bhFrainnc, bíodh dar ndóigh go mb'annsa léi poblacht, mar sin féin gurbh é an chuspóir mhór a bhí aici ná Éire a bheith neimhspleádhach fé fhuirm éigin aca. Thugas mar fhreagradh air ná raibh amhras ar bith agam dá n-éirigheadh linn ná go gcuirfimís poblacht ar bun, agus dubhart gurbh é mo mhian-sa é agus mian gach nduine d'á raibh páirteach liom.

Do thagair sé annsan do'n riachtanas a bhí le duine a chur go hÉirinn chun cúrsaí an scéil annsan a bhreithniú, agus ar sé, "ní

bhfírinne is cóir an rath a bheith choidhche i mbun gach gnótha, idir phoiblidhe agus phríobháideach ; óir, bíodh gur le hintinn ionnraic nár innseas do Mhadgett i dtaobh na dturas a thugas ar an Luxembourg, mar sin féin chuir an cheist go mór ar míochomhthrom mé). Thugas mar fhreagradh air, de dheascaibh na móirimnidhe bhí orm chun go n-éirigheadh leis an ngnó a bhí idir lámha agam, agus de bhrí na n-órdaithe a tugadh dom gan faillighe a thabhairt i n-aon bheart a chuirfeadh eolas ar chúrsaí na hÉireann fé bhrághaid Rialtais na Frainnce, gur cheapas go raibh sé mar dhualgas orm dul, mé féin, go dtí an Árdchómhairle agus éisteacht d'fhagháil má b'fhéidir, agus gur mhóide sin é toisc Carnot, dob aithnid ó cháilibh i nÉirinn, a bheith anois 'na dhuine de'n Árdchómhairle ; agus gur ceangluigheadh orm, má b'fhéidir é, é d'aimsiú. Do thaidhsigh dom go raibh sé lántsásta leis sin agus tar éis coinne dhéanamh i dtaobh bricfeast 'na theannta amáireach, do scaramar.

Márta 20.—Bricfeast agam i dteannta Mhadgett. Teastuigheann ó'n Aire fios d'fhagháil ar cad tá beartaithe againn a dhéanamh má téightar i dtír. Tá san mínithe cheana agam im mheamram, ach ní mór an scéal a léiriú arís agus arís eile. "*Put it to him in other words*," mar atá—tá Coiste na gCatoiliceach 'na dtaidhleoirí thar ceann an dreama san go hiomlán agus tá na Dí-aontaigh cóirithe i slí gur féidir dóibh taidhleoirí a thoghadh láithreach. Go bhfuil taidhleoirí thar ceann naoi ndeachmhaithe na tíre san dá dhream san le 'chéile agus dar ndóigh, ó'n dtreo atá ar chúrsaí fé láthair, is iad an lucht rialtais iad is fearr dob fhéidir a cheapadh i láthair na huaire. Do scríobh Madgett é sin ach níl macsamhail de agam. Is lughade a thábhacht san ó'n uair ná fuil san bpáipéar ach aithleagan ar chuid dem mheamram deiridh.

D'iarras ar Mhadgett a mhíniú do'n Aire gurbh é fé ndeara dhom dul go dtí an Luxembourg ná na hórdaithe dearbhtha a fuaireas chun dul chun cainnte le Carnot, pé aca bheadh sé i gcómhacht nó ná beadh ; go raibh áirdmheas agam ar an Aire maidir le n-a chuid tallann agus tírghrádha, agus, má ba rud ar cearr dom dul chuig Carnot ná raibh ann ach iomroll breithiúntais agam mar nárbh fholáir nó thuig sé, do réir mar bhí cúrsaí agam, ná leomhfainn cuimhneamh ar aon ní a dhéanamh ná taithneochadh le duine bheadh 'na bheart san, ⁊rl. Is dóigh liom go sásóchaidh san De La Croix ; ach is é mo thuairim, eadrainn féin, gurab é Madgett agus nach é an tAire is mó go bhfuil míoshásamh air ; mar, leis an díoghrais mhóir atá ann agus an t-imshníomh macánta atá air, dar

liom, go n-éireochadh leis an obair, ní deacair dom a thabhairt fé ndeara go bhfuil iarracht de mhian aige gach ní a dhéanamh é féin ; ach mar adubhart le móraigeantacht ionmholta cheana, ní bheinn d'á chionn san i bhfeirg leis ; mar sin féin, leanfad dem dheoin dem chómhairle féin beagán, gan 'fhios do'n tsaoghal go léir ; ní dóigh liom go ndearna aon bhotún fós munab é dul go dtí Carnot é (agus ní dóigh liom gurbh eadh é sin) gan é a chur i n-úil do'n Aire. Do dheineas siubhlóid a chuir aoibhneas orm ins na Champs Elysées agus chaitheas dinnéar im aonar, mar is gnáthach, ag Restaurateur an-chúlráideach. Táim ag mairiúint annso i bParis im dhíthreabhach dáiríribh.

Márta 21.—Do chuas, do réir coinne (é seo an chéad lá 'Gherminal ann) go dtí an Luxembourg chuig an Taoiseach Ó Cléirigh; "*Damn it and rot it for me*"——ní fhuair sé fós mo dhá mheamram agus, féach, nach mór an crádh san ? Dubhart leis go ndéanfainn macsamhail do óir bhí an dréacht tosaigh de agam. Dubhairt sé nár ghábhadh é mar go raibh meamram scríobhtha curtha isteach aige féin chuig Carnot chun fios a chur ar na buinscríbhne, agus gur deimhnitheach go mbeidís sin aige sula mbeadh an macscríbhinn déanta agam-sa.

Annsan ghaibh sé tríd an scéal go léir arís ach ní thárlaidh aon ní nua. Do thagair sé ar feadh tamaill do na huaisle agus do'n chléir, agus do fhreagruigheas é mar dheineas le linn an chómhráidh cheana. Dubhairt sé gur thuig sé nárbh aon mhaith bheith ag braith ar aon ní ó aon taobh aca, agus fhreagruigheas-sa nár mhiste dho coinne bheith aige go ndéanfaidís a ndícheall 'na aghaidh dá mbeadh aon dícheall ar a gcumas ; ach, mar b'ádhmharaighe i nÉirinn é, dá dtéightaí i dtír aon uair amháin nárbh aon ní de thábhacht cad é an tuairim a bheadh aca.

D'fhiafruigh sé dhíom fé mar a dhein cheana cad é an cinéal rialtais im thuairim a cuirfaí ar bun i nÉirinn dá dtagadh an deighilt chun cinn, agus do chuir leis sin maidir leis an bhFrainnc, bíodh dar ndóigh go mb'annsa léi poblacht, mar sin féin gurbh é an chuspóir mhór a bhí aici ná Éire a bheith neimhspleádhach fé fhuirm éigin aca. Thugas mar fhreagradh air ná raibh amhras ar bith agam dá n-éirigheadh linn ná go gcuirfimís poblacht ar bun, agus dubhart gurbh é mo mhian-sa é agus mian gach nduine d'á raibh páirteach liom.

Do thagair sé annsan do'n riachtanas a bhí le duine a chur go hÉirinn chun cúrsaí an scéil annsan a bhreithniú, agus ar sé, " ní

raghthá féin ann. Do fhreagruigheas go dearbhtha ná raghainn mar, ar an gcéad dul síos go rabhas tar éis a raibh d'eolas agam a chur fé n-a mbrághaid cheana, agus i bpáirt mise do chur aon ní leis an méid sin ná beadh ann ach bheith ag tabhairt deimhniú lem fhírinne féin; go mbeadh le fagháil aige fiú amháin i bpáipéir na hÉireann, dá mbeidís aige, fianaise a dhóthain i dtaobh na gcúrsaí i nÉirinn chun gach focal d'á ndubhart-sa a dheimhniú, agus gur fianaise é ná féadfaí a dhiúltadh mar gur ó bhéalaibh daoine a tháinig gurbh é a mbuac é cheilt, agus a cheilfeadh dá bhféadaidís; dá bhfaghthaí mise i nÉirinn ar an am san ná beadh ann ach fulang báis dómh-sa ar ghnó i n-aistear; dá dtéightaí ar feachtas ann go raghainn-se, leis, ba chuma cad é mo chéim ann; nach eadh amháin go rabhas ullamh toilteanach ach go n-iarrfainn d'athchuinghe agus d'impidhe ar Rialtas na Frainnce leigean dom mo chion a dhéanamh, im óglach singil féin, agus arm teine ar mo ghualainn, agus gur mheasas go ndéanfainn áis do'n dá thír. Ar seisean, "Maidir leis sin, ní fhéadfadh deacair ná éideimhne a bheith ann i bpáirt Rialtais na Frainnce."

Do thagair sé arís gur truagh an mhoill a bhí leis an dá mheamram agus do dheimhnigh dom go ndéanfadh sé a dhícheall chun iad d'fhagháil agus ná leigfeadh sé nóimeat le faillighe nuair a thiocfaidís chun láimhe aige. D'athchuingheas air gan a dhearmhad go raibh an tráth ag teacht go luath nuair a bheadh cabhlach Mara nIocht chun fairrge, agus na campaí i nÉirinn ar bun, agus dar ndóigh nár cheart aon uair a chluig a leigean le faillighe, agus d'aontuigh sé ann liom. Do cheileabhras annsan dó tar éis a shocrú go bhfillfinn i gceann cúig lá, an 6adh lá 'Gherminal. Do ghabhas leithscéal leis faoi bheith ag tathant air mar bhíos, ach dheimhnigheas do ná déanfainn a leithéid leis maidir le haon ghnó príobháideach dem chuid féin, agus mar sin scaramar le 'chéile.

Agus anois nach céasta an scéal é i ngnó chómh tábhachtach leis seo go bhfuil seacht lá imithe gan mhaith. Tá na páipéir díomhaoin ar láimh ag an Aire, ullamh críochnaithe agus gan le déanamh ach fios a chur ortha, ach d'á aindeoin sin ní bhfaghtar iad. 'Seadh má ráinigheann dómh-sa bheith choidhche im Chathardhach Director, nó im Chathardach Aire, tá súil agam go mbeidh an scéal níos fearr ná san agam: tá fraoch nimhe orm. Diabhail agus deamhain agus damaint! *"Fury, revenge, disdain and indignation tear my swollen breast, whilst pıssions like the winds rise up to heaven and put out all the stars."* Nuair ná fuil aon rud níos míochuibheasaighe ná

san le cur agam leis an méid sin, tarraingeochad malairt scéil chugam.

Do chuas d'fhéachaint Othello, níorbh aistriú é ach aithris ó'n mBéarla. Shakespeare bocht! Ba thruagh liom é. Díol truaighe d'iarracht iseadh an tragóid Frainncise; é lán de mhaoithneachas bréige; an Múrach agus glór uathmhar cannráin ar siubhal aige; agus is gleoite an éirim atá ag Iago i gcúrsaí morálachais. Do bheir an t-údar mar leithscéal thar ceann an bogadh a dhein sé ar chuirbtheacht an duine deiridh sin, agus thar ceann Desdemona a shaoradh ó'n mbás, agus críoch shoilgheasach a chur i n-ionad na críche sárdha ró-uathbhásaighe atá san tragóid Bhéarla, 'ghá rádh dho go gcuirfeadh a leithéid siúd de thaispeántas sceit ró mhór i ndaonnacht agus i morálachas mhuinntir na Frainnce: *"Marry come up, indeed! People's ears are sometimes the nicest part about them."* Is breágh liom náisiún daoine a chuirfeadh fé'n ngoilltín trí scór duine san ló ar feadh iomad míos, idir fheara is mhná is leanbhaí, agus nach féidir leo fulang le hóspairt i n-iarracht drámaidheachta! ach féach, is dearbh gur ag an údar is fearr 'fhios, agus tá tugtha fé ndeara agam go minic gur mó ghoilleann ar na Franncaigh aon chúrsa beag connáilbheachta ar an árdán, míle uair níos mó ná mar dheineann ar na Sasanaigh, agus gur ait sin. Is fíor é, máiseadh, gur daonnachtúil iad na Franncaigh nuair ná bíd le buile, agus taithnighid liom d'aindeoin a gcuid locht, agus an goilltín d'áireamh 'na dteannta san, níos míle fearr ná na Sasanaigh. Agus is fearr liom na hÉireannaigh ná ceachtar aca agus ó's fios do chách luighead mo leithleachais, tá súil agam go dtiubharaidh gach n-aon dárab cúram do é an meas agus an t-ómós is dual di dom thuairim. Sin a bhfuil le rádh agam.

Ar athmhachtnamh tá rud eile le rádh agam. I gcúrsa an chómhráidh nuair adubhart leis an gCléireach nár mhiste dho coinne bheith aige le gach frithiarracht a bheadh i gcumas na n-uaisle i nÉirinn, idir Phrotastúnaigh agus Chatoilicigh, 'na aghaidh, dubhairt sé gur tuigeadh do go raibh an ceart agam; mar, ó bhí sé ag cainnt cheana liom gur léigh sé roinnt meamram i dtaobh cúrsaí na hÉireann a cuireadh isteach go dtí Rialtas na Frainnce le dachad bliain roimhe sin, agus bhíodar go léir ar aon dul lem thuairim-se ar an bpoinnte sin. Dubhart-sa 'ghá fhreagairt gurbh áthas liom san ach d'iarras air gan puinn iontaoibh a chur as aon pháipéir nach le déannaighe a scríobhadh iad, mar d'á mhéid athraithe tháinig san bhFrainnc ní mór gur mhó iad ná mar thárlaidh i nÉirinn ó 1789 i

leith ; agus an rud adéarfaí le fírinne 'na taobh a deich nó a seacht mbliana ó shin nárbh fhíor anois é ; agus ná raibh eisiompláir níos fearr air sin ná an méid seo : dá dtéigheadh na Franncaigh i dtír ann le linn an chogaidh roimhe seo go mbeadh gach duine de na Dí-aontaigh agus fiú na Catoilicigh féin ag cur 'na gcoinnibh ; ach bhí an Fhrainnc an uair sin fé ama na daoirse a briseadh ó shin léi ; gur ó Réabhlóid na Frainnce i leith d'fhás gach atharrach meoin a bhí tagaithe do mhuinntir na hÉireann agus gur géar a bhíodar 'ghá bhreithniú san ó thosach, agus ó bhí an scéal san amhlaidh go raibh súil agam gur leor do é chun a chreidiúint go raibh an ceart san tuairim a bhí agam i dtaobh cómhacht na n-uaisle agus na cléire. D'innseas annsan do go raibh faill ag Louis XIV tuairim céad bliain ó shin chun Éire a dheighilt ó Shasana, le linn an chogaidh idir Shéamas II agus Uiliam III, ach de dheascaibh na suaraidheachta a bhain le n-a stáitéirim siúd, agus toisc leithleachais an Aire bhí aige, ní thug sé de chongnamh leis an gcogadh ach beagán ar bheagán go dtí gur imigh an chaoi le faillighe agus tá a chiach san ar an bhFrainnc riamh ó shin ; óir dá ndeintí Éire neimhspleádhach an uair sin ní thiocfadh an fás fé chabhlach Shasana atá tagaithe ar an lá so. Ar seisean, " Is fíor san go deimhin," agus adubhairt fós, "Insa chogadh deireannach féin nuair a bhí na hÓglaigh fé lánchómhacht, agus nuair a bhí briseadh muinnteardhais ar barraoid idir Shasana agus Éire, do moladh san gCómhairle san bhFrainnc congnamh a thairgsint d'Éirinn, ach tré chómhacht an Chúint De Vergennes, an PríomhAire san am san, nár cuireadh leis ; agus go bhfuair seisean i ndíol an ghnímh sin breab mhaith ó Shasana ; agus gur ó dhuine go raibh dlúthbhaint aige le híoc an airgid a fuair sé féin an fios san." Do réir deallraimh, máiseadh, d'óbair dúinn ár saoirse d'fhagháil cúig bliana déag ó shin. Is fearr mar a thárlaidh mar ní rabhamar an uair sin ar aontú le 'chéile, agus ní ró léir dom ná go mb'é an chéad áis a bhainfimís as an tsaoirse ná cromadh ar scórnacha a chéile a ghearradh : mar sin an rud is measa le duine ná a bhás ní fheadair sé ná gurab é lár a leasa é. Ní thaithnigheann an scéal so i dtaobh Vergennes liom agus níl amhras agam nach í an fhírinne í. Conus a bheadh dá gcuireadh an tÁibhirseoir i gceann aon duine annso an cleas céadna a dhéanamh linn-ne. Tá Pitt chómh glic le Písín agus airgead ar a thoil aige agus gan againne-ne annso ach aisighnaití. Ní thaithnigheann sé ar aon chor liom mar scéal. Is díomhaoin dómh-sa, ámh, bheith ag cur is ag cúiteamh i dtaobh ruda nach

féidir dom a chosc. Ach maidir liom féin, pé scéal é, cóimhlíonfad-sa mo dhualgas. Ach fillimís ar an scéal.

D'fhiafruigh an Cléireach díom ar chuimhnigheas ar conus a beath-óchar an t-arm Franncach tar éis dul i dtír i gcás go gcinnfeadh an Árdchómhairle ar dhul chun cinn leis an ngnó. Thugas mar fhreag-radh air ná raibh machtnamh go mionchruinn déanta agam ar an scéal ach go raibh aon ghléas amháin ná teipfeadh ar fagháil chuige, sé sin tobhach gach ní do réir mar ba riachtanach, agus dubhart go bhféadfadh sé bheith cinnte dhe pé duine go mbeadh uireasbhaidh air gur ar an arm agus go háirithe ar ár lucht cómhair ná beadh san, dá mbeadh sé d'ádh orainn lucht cómhair agus cabhartha a bheith againn. D'fhiafruigh sé dhíom ná cuirfeadh san déistin ar lucht ionnmhais i nÉirinn ? Dob é mo fhreagradh-sa nach ar mhaithe le lucht ionnmhais a bhítheas chun an réabhlóid a dhéanamh, ach maidir leis an gcuid aca a bhí 'na gcáirdibh dúinn go dtiubhradh spioraid na díoghraise ortha bheith sásta le cailliúint ba mhó ná san d'fhulang agus maidir leis an dream a bhí 'na naimhde dhúinn, ba cheart go mbeadh ortha fulang ; agus do luadhas do an rud go bhfios do féin a thuit amach san bhFrainnc, mar fhianaise ar an méid a fulaingeochaí le linn scleondair réabhlóide, agus an ní dob eol dom a thárlaidh i nAmerica mar a meastaí 'na scannal é sádhaile, nó fiú connláiste na beathadh féin, a chleachtadh ionnus ná caitheadh lucht saidhbhreasa agus áirdionaid ach seanéadach stractha. D'admhuigh sé an méid sin ach dubhairt sé go dtráighfeadh an scleondar san leis an aimsir, agus gur mar sin a bhí cheana féin san bhFrainnc. D'admhuigheas san, ach dubhairt go raibh súil agam go mbeadh críoch leis an réabhlóid so againn-ne, d'á dtugtaí fé, sula dtéigheadh an fuadar díoghraiseach i bhfuaire. Ní cuimhin liom gur labhramar ar aon ní eile go mb' fhiú cur síos air.

Márta 22.—Mé ag obair ar feadh an lae ar nós an chapaill. Ar maidin chuas chuig Madgett chun a rádh leis gur theastuigh na meamraim ó Charnot agus d'iarras air iad a luathú chuige. Do bhí cuid mhaith mearbhaill air agus d'óbair dómh-sa dul chun feirge. Táim ag éirghe chómh cruthanta im fhear stáit, ámh gur éirigh liom é sin a cheilt air. Dob ádhbhal an ní é, go dearbhtha, muna mbeadh páipéar de'n tsaghas san ar a dheis ag duine do'n Árdchómhairle Riaracháin seachas é bheith i bpóca an chathardhaigh Madgett. Do chinneas im aigne, ámh, gan dul chun spairne leis i dtaobh an scéil ach macsamhail de'n mheamram a dhéanamh go réidh chiúin agus iad a thabhairt mé féin do'n Chléireach. Níl ann ach duadh a

dhéanta, agus níl a mhalairt le déanamh agam, agus is maith an gnó dhom é agus ní thuigim daoine bheith díomhaoin agus ag cur gothaí ortha féin agus fonn ortha Réabhlóidí a chur ar bun agus le n-a linn sin bheith ag tormas i dtaobh an duadh a chuirfeadh sé ortha roinnt bheag leathnach a scríobhadh. D'á bhrí sin leigeas tharm scéal na meamram agus d'innis Madgett annsan dom go bhfuil sé ag gluaiseacht amáireach, ar toisc, chun Éireannaigh atá 'na bpríosúnaigh chogaidh d'aimsiú, agus go speisialta Mr. Uilliam Brún atáthar chun a chur go hÉirinn má's féidir é aimsiú, nó muna bhfuil sé scaoilte saor cheana féin ; go bhfuil sé chun dul go Versailles, Compiegne agus Guise chun an creideamh a chraobhscaoileadh ameasc saighdiúirí agus mairnéalach ó Éirinn. Sin é a bheartú annsa féin, agus im thuairim-se, gan fiacail a chur ann, níl ann ach díth céille diabhail Cad é le rádh cúig céad nó míle Éireannach, bíodh sé fé nó thairis, i gcomórtas le leas an ghnótha. Ní pioc é. Agus annsan tá an baoghal ann go scéithfeadh an gnó amach. Ní thaithnigheann sé i n-aon chor liom ; ach táim i n-amhras gurab é go fírinneach dáiriribh atá san ngnó ná "job" beag suarach a dhéanamh (*à L'Irlandaise*), agus go bhfuil roinnt airgid i n-áit éigin le greamú, ⁊rl. Is mar a chéile an iarracht so ag Madgett agus mo dhuine cóimhthíreach a chuaidh ar muin eich ar bórd luinge d'fhonn luas níos fearr a dhéanamh. Bíonn sé síorraidhe ar thóir léarscáil agus dar leis annsan go mbíonn réabhlóidí d'á gcur ar bun aige. Measaim go bhfuil sé go mór dáiríribh san ngnó, ach go dearbhtha ar uairibh deineann sé mé crábhadh agus a chiapadh.

Dála Mr. Uiliam Brún (mo dhearthháir Maitiú) tá súil le Dia agam má tá sé fós san bhFrainnc go bhféadfaidh Madgett é aimsiú. Ach máiseadh is eagal liom é dhul go hÉirinn. Má beirtar ann air sin deireadh leis, agus bíodh go bhfuilim sásta mé féin a chur san mbaoghal is leasc liom é siúd a chur ann. Má chuireann Madgett 'na láthair é imeochaidh sé, *bon gré, mal gré.* Máiseadh, imigheadh. Má bheireann a chosa slán leis agus go scaoiltar Éire, déanfaidh sí aiseag leis, agus is maith an díol air sin. Dar ndóigh is é is fearr d'oirfeadh le cur ann ó'n áit seo, óir is aithnid é dom cháirde rannchómhairleacha uile ; agus d'fhéadfainn-se fios scéil a thabhairt do-san, agus é siúd dóibh-sin, i bhfad níos fearr ná aon duine iasachta. Is é brí an scéil é má tá sé le fagháil go gcaithfidh sé imeacht, agus go raibh Dia an Uilechómhacht 'na dhíon do ; mar is mór é mo chion air. B'fhéidir le linn mé bheith 'ghá scríobhadh so gur i bPrinceton atá sé i dteannta Mhaití agus na leanbhaí. Tá

deartháir amháin curtha go hÉirinn cheana agam ar an ngnó so. Is mó is luath é cúram go bhfuil móirthréas ann a chur ar gharsún cheithre mblian déag. Níl aon mhí-iontaoibh agam as; agus, má éirigheann linn, tá súil agam go bhfeicfar fós é 'na mheirgire i gcabhlach airm na hÉireann. 'Seadh, is mór atá íodhbartha agam-sa san ngnó so. Ach fillimís ar an scéal.

Adeir Madgett liom ná fuil aon mhíoshásamh ar an Aire i dtaobh mé a dhul chuig Carnot agus go mbeadh áthas air nuair a gheobhainn caoi chuige dá gcuirinn cogar 'na chluais go glic go mbeadh fáilte mhór i nÉirinn roimh Prieur de la Marne (agus dar liom féin go mbeadh, mar tá aithne ar a cháil i nÉirinn) agus gur rud é nár mhiste dhom a dhéanamh mar gur im fhear ionaid thar ceann mhuinntir na hÉireann atáim annso; go bhfuil san de chreidiúint agam. Is deimhin go luadhfad Prieur le Carnot, ós áil leis an Aire é agus is cuimhin liom an Ruadhánach d'á innsint dom ag Philadelphia, nuair a bhí sé féin ag dul ó Bhrest go Paris tar éis do éalódh as Éirinn, gur chroith Prieur, a bhí an uair sin 'na Theachta Tosca, láimh leis agus adubhairt go raibh dóchas aige go mbeidís araon le 'chéile ag dul i dtír i nÉirinn. D'fhéadfadh sé a theacht i gcrích go mbuailfidís le 'chéile ann. Táim-se, máiseadh, le bheith im *intrigant*, chím, agus chun bearta a sholáthar do sheanteachtaí, agus ná feadar cad é eile. "*Hey day, what doings, what doings are here!*" Is mór an t-adhbhar grinn fonn a bheith ar an Aire do Ghnóthaí Coigcríoch go molfainn-se duine de'n Chómhdháil Náisiúnta d'Árdchómhairle Riaracháin na Frainnce.

Nuair a bhíos réidh le Madgett d'fhilleas abhaile agus chromas go dorrdha ag déanamh macsamhail dem dhá mheamram; chríochnuigheas an chéad cheann agus dheineas beárna mhaith san dara ceann. Do scríobhas annsan na hocht leathnaigh so rómhan im dhialainn agus tá sé anois a deich a chlog istoidhche agus mé marbh le tuirse, crampaí im mhéireanna agus an radharc imithe as mo shúile. Críochnóchad an dara meamram amáireach i n-am go leor, measaim, chun dul go dtí an Luxembourg agus é thabhairt do cheachtar aca Carnot nó an Cléireach, "*Business, business, said I, Mr. Secretary, must be done.*" Tá an aithfhriotal san curtha síos uair cheana agam, ach ní féidir deaghrud a dhéanamh go ró mhinic agus togha aithfhriotail iseadh é, agus is ó Ph.P. a fuaireas-sa é agus sháruigh súd gach n-aon ar cleachtadh aithfhriotal ach mo mhúirnín féin amháin. Níl ionnam-sa ach amadán i gcomórtas leo ach go mbuailim uaireannta an ceap crústaigh le seans. Ó dhe!

dhe! Nach mór an ghaois atá san meamram so agam d'á dhéanamh agus tuirse an diabhail bhuidhe orm, mar tá naoi n-uaire a cluig de scríbhneoireacht déanta indiu agam, rud ná dearna im shaoghal riamh cheana. "Cad é ná fulaingighim leis, a Aithneacha, d'fhonn go mbeadh deightheist agaibh-se orm." Nach deas ceannîseal san, am chur féin le cleas ar aon dul le hAlastar Mór! Mhaise, níl aon innsint ar an bhforcamás a bhíonn i ndaoine áirithe! Nuair a mhúsclann féith grinn agus fonómhaide uathlabhartha ionnam ní heol dom stad de, mar ceapaim gur ag cainnt a bhím le hannsacht mo chroidhe agus le solus mo dhá shúl. 'Seadh máiseadh, ní thosnóchad ar leathnach eile, agus sin scéal dearbhtha.

Tar éis na mbeart caithfead tosnú ar leathnach eile mar, lem chuid breastaidheachta, d'óbair dom an chuid ba thábhachtaighe de'n ghnó a dhearmhad. Tá coinne ag an Aire go laethiúil le trí miliún livre d'ór, agus tá miliún de sin ceapaithe aige dár n-eachtradh-ne. Má's mar sin atá tá deallramh an ghnótha ag teacht ar an scéal san deireadh. Ní túisce gheobhaidh sé an t-airgead ná tosnóchaidh ar an ullmhúchán. Ach, dar fia, tá an Cléireach go deimhin i gceannas ar chúraimí an airm agus ní heol do aon ní i dtaobh an ghnótha so. "*I am lost in sensations of troubled emotions.*" Ní fheadar cad deirim leis. "*Hey ho, hey day! I know not what to do nor what to say.*" Tá cinnte agam ar chómhairle chríonna dom féin agus déanfad d'á réir agus is é é, pé deallramh a bheidh ar rudaí gan mo dhóchas a mhúscailt leis, agus dar fia, chun na fírinne a rádh, ní fheicim aon deallramh fós ar aon ní a chuirfeadh scleondar orm. Tá an codladh am chaochadh, ach tá sé de gheasa onóra orm an leathnach so a chríochnú fé mar tosnuigheadh é. Seo leathrann chuige sin:

"There's thirteen lines gone through, driblet by driblet,
'Tis done. Count how you will, I warrant there's fourteen."

Márta 23.—Do chuir Madgett fios orm ar maidin chun a rádh liom, mar is béas leis, go bhfuil gach aon ní ag dul chun cinn go breágh ach, maidir liom-sa, is rómhall liom mar atá gach ní ag gluaiseacht. Ní dubhart é sin, ámh, agus do lean sé air: go raibh sé ag imeacht fé dheithneas le hórdú an Aire chun cuardach ameasc na bpríosúnach d'iarraidh Mr. Uiliam Brún agus dá bhfaghadh sé é go gcuirfaí láithreach go hÉirinn é tar éis mise do thabhairt oideasa dho. Máiseadh, tá san socair má tá Maitiú le fagháil. Is

eaglach an gnó é ach caithfidh sé dul san tseans agus ó'n uair ná beidh aon pháipéir ar iomchur aige tá súil agam go sroichfidh sé slán.

Do tharraing sé chugam annsan an seanbheartúchán (agus is ag dul i dtreise agam atá an tuairim gur cinéal éigin " job " é) chun na príosúnaigh Éireannacha d'éilniú. Is é atá 'na intinn gur ceart iad a chur ar bórd ar loingeas príobhaidéireachta, agus a gcur i dtír annso agus annsúd i nÉirinn chun na daoine d'ullmhú, bíodh go mbeidís féin agus na daoine aineolach ar cad a bhí ag teacht. Ní ró léir conus is féidir dóibh fios a thabhairt uatha ná fuil aca féin. Scaoilimís leis sin, ámh. B'é mo fhreagradh-sa air ná go mba mhaith liom iad go léir d'fheicsint i nÉirinn nuair a thiocfadh an tráth ceart ach gur mheasas ná beadh ann ach ag cur an ghnótha go léir i mbaoghal dá scaraimís le duine aca nó go mbeifaí tar éis dul i dtír, mar go mb'fhéidir go mbraithfeadh an namhaid cuid éigin de'n ghnó agus go ndéanfaidís beart feidhmiúil d'á chosc. Agus, maidir le hullmhú a dhéanamh ar na daoine, go raghainn i mbannaí dho go rabhadar san lánullamh cheana. Sin é an cúigiú uair caogad agam ag cur mo thuairime i n-úil i dtaobh an scéil sin ach d'á aindeoin sin filleann sé arís agus arís eile air. Tá roinnt bheag eolais agam ar na hÉireannaigh. Seo mar is fearr chun iad d'ionnramháil : má's mian leo feidhm a bhaint as na príosúnaigh Éireannach deintar iad a mháirseáil ar toisc eile mar 'dheadh go dtí an baile cuain mar a bhfuiltar chun dul ar bórd. Nuair a bheidh gach ní eile ullamh, cuiridís isteach chuca taoscán maith fíona agus brannda, bheidhlín agus gasra *filles* de'n Fhrainnc, agus annsan, nuair a bheidh croidhe Pháid ar bogadh beagán leis an ngrádh agus leis an bhfíon, cuirtar isteach 'na measc beirt nó triúr de dhaoine oiriúnacha, i n-éidí airm agus cnotaí uaine ar na hataí aca, chun labhartha leo, agus bead-sa go fonnmhar im dhuine aca san. Ní dóigh liom i gcás de'n tsaghas san gur rómhór an tathant d'iarrfadh sé chun dul ar cuaird go hÉirinn thar n-ais arís, díreach d'fhonn a mhuinntir d'fheicsint ; pé scéal é, muna n-éirighidh leis an gcóir sin ní éireochaidh le n-a mhalairt. B'fhéidir gur maith an ní, leis, captaen a dhéanamh ar láthair na mbonn do'n chéad duine phreabann, agus oifigigh íochtair de bheirt nó triúr eile.

Ach ní hé seo ach é siúd. Do tharraing Madgett scéal Prieur arís chugam, do mhol go hárd é, agus le ceart measaim, i dtaobh a mhóirthréithe agus a thírghrádha agus adubhairt ó scar sé leis an gcómhacht a bhí aige go raibh sé chómh dealbh le Jób, agus gan

bréag ar bith gur uisce ba dheoch do d'fhonn dul ó chostas an fhíona, mar ná raibh an gustal aige chuige sin. Maidir le duine a bhí ar an *gComité de Salut Public* a bhí go deireannach ann is maith an cómhartha é sin ar é bheith macánta. Dubhairt sé, leis, nach mór go raibh aon aithne aige féin ar Phrieur, ach gurbh é toil an Aire go ndéanfainn beartaidheacht do le linn dom an scéal a luadh le Carnot. Dubhart-sa, dar deimhin go ndéanfainn mo dhícheall, agus dá n-éirigheadh liom agus go raghaimís go hÉirinn le 'chéile, gur le dúil ann d'ólfadh sé uisce feasta mar go gcuirfimís a rogha dighe ar a chumas. Leanaim i gcómhnaidhe d'á rádh agus go deimhin is é mo thuairim é, gur ceart a bheith go fial leis na Franncaigh a bheidh i gcéim cheannais i nÉirinn, cuir i gcás Taoisigh, *Commissaires Civilis*, ⁊rl. Is dóigh liom gur maith an caitheamh ar airgead é, agus go réidhteochaidh sé go maith leis an oineach atá ó dhúthchas i muinntir na hÉireann. Tar éis gach scéil ba cheart go dtaithneochadh Prieur liom ó na scéalta chuala 'na thaobh, agus is deimhin go gcuirfead-sa an scéal chómh fada agus raghaidh sé.

D'innis Madgett annsan dom gur mhian leis an Aire go gceapfainn forógradh do réir mar ba dhóigh liom ba cheart do'n taoiseach Franncach a fhoillsiú nuair a raghadh sé i dtír. Níl san chómh furus san a dhéanamh. Do bhíos d'iarraidh dul uaidh toisc, adubhart, oiread san deifridheachta bheith idir an stíl labhartha san bhFrainncis agus ár stíl-ne, gurbh eagal liom ná féadfainn é dhéanamh. Dubhairt sé am fhreagairt gurbh é sin díreach an chúis fár ghábhadh gur mé dhéanfadh é ; mar, nuair a bheinn-se réidh leis, go ndéanfadh an tÁrdchómhairle gach athrú agus gach leasú ba ghábhadh a dhéanamh dar leo-san, ach gur dómh-sa an chuid bunaidh a cheapadh. Dubhart annsan go dtiubhrainn fé agus do scaramar.

Beidh sé seacht lá nó ocht ar a chuaird 'na easpal ameasc na bpríosúnach Éireannach, gnó a chaithfead a rádh, do réir mar atá súd ag cur chuige, ná taithnigheann liom féin. Ach an forógradh. Ní raibh oiread doichill riamh agam roim aon cheapadóireachta agus atá san gcás so. Gnó móirbhrí iseadh é agus níl an chabhair agam. Truagh, a Dhia, ná fuil P.P. annso agam, nó Gog. Cad a dhéanfad ? Táim i dteannta diail. 'Seadh, amáireach iseadh chífeam. 'Sé tá ar m'intinn fé láthair ná é bheith chómh sothuigthe agus is féidir ach conus a thaithneochaidh san leis na Franncaigh. Is breágh leo bheith samhalfhoclach, ach is dóigh liom insa chúinse seo go raghad i muinghin gnáithBhéarla.

"*Well, if we must we must, and since 'tis so, the less that's said the better.*" Ag tagairt do san dom, ba cheart dom a rádh gur chríochnuigheas na macsamhla dem dhá mheamram agus gur fhágas ag Bureau an Chléirigh iad agus nóta mar aon leo go mbuailfinn isteach umanathar arís.

Márta 24.—Do thosnuigheas ar m'fhorógradh ó na Franncaigh. Is leadránach trom liom é ach níl leigheas air. B'fhearr liom go scríobhfaidís féin é.

Márta 25.—Ag obair ar maidin ar an bhforógradh. Measaim go bhfuil soiléireacht ag teacht ann. Braithim mé féin ag claonadh go mór chun géarcháineadh a dhéanamh ar Rialtas Shasana agus ní chuirfead cosc leis. Tiomáinfead liom ag scríobhadh ar fuadar, agus ceartóchad é le linn m'fhuadar a dhul i bhfuaire, sé sin má théigheann m'fhuil choidhche i bhfuaire i dtaobh an ruda san. Do chuas ar a haon a chlog ag triall ar an gCléireach. Mallacht ar an scéal, tá mo mheamraim aige ach ní thug sé fiú féachaint ortha. 'Seadh, sin é an chéad mhíchéadfadh bhuail mé: tá 'fhios ag Dia go mba chuma liom na meamraim a dhul san diabhal d'á mba rud é go dtiubharthaí fé'n obair. Ní hé atá ag déanamh imnidhe dhómh-sa cad é an t-árdmholadh a thabharfadh an Taoiseach Ó Cléirigh ar mo chuid ceapadóireachta. Iliomad na gcúraimí eile atá le déanamh aige a thug sé mar leithscéal, agus b'fhéidir an ceart do bheith aige ach, dar liom-sa, is beag gnóthaí is tábhachtaighe ná gnó na hÉireann dá dtuigtaí go ceart é. Ach conus a tuigfar é muna léighid an t-eolas a cuirtar fé n-a mbrághaid? 'Seadh, "*Tis but in vain,*" ⁊*rl.*

Do dhein an Cléireach coinne liom teacht chuige umanathar ar a dó a chlog. Ní mór an mhoill é dar ndóigh; mar sin féin ní thaithnigheann sé liom. Do bhí rud éigin, leis, 'na mheon nár thaithnigh go ró mhaith liom, ní headh ná go raibh sé go han-lághach ar fad. B'fhéidir gurab amhlaidh a bhí sé d'á thaidhseamh dom, nó go rabhas ar míchéadfadh éigin. 'Seadh, ar an 27adh chífeam is dócha, agus go dtí sin seo chun oibre ar an bhforógradh mé. Mo thúirse! Ní mór an dúil atá agam san obair sin indiu, ach níl dul as, agus *allons* máiseadh. Ach gluaiseochad go faitcheach réidh ar dtúis agus caithfead mo phroinn im aonar i bpáirceanna Elysé. Ní féidir a mheas ach an saoghal uaigneach atá d'á chaitheamh annso agam. Uaireannta bíonn mímhisneach thar fóir orm agus ní haon iongnadh é. Coidreamh caillte agam lem líontighe gur mór é m'annsacht dóibh agus a ngrádh-san dom agus mé im chómhnaidhe i bParis

ameasc fíordhaoine iasachta fé mar bheadh aon *Chartreux*. Máiseadh, "*Had honest Sam Crowe been within hail—but what signifies palavering?*" Raghad d'iarraidh mo bhéile. Um-thráthnóna; ní dhéarna aon mhaith—"*I cannot write this self-same manifesto, said I, despairingly.*" Gan aon cheoldráma. Do chuas a chodladh ar a hocht a chlog.

Márta 26.—Mé ag obair ar an bhforógradh mar do bheadh miúil mhallaithe, ag raideadh ar feadh na slí. Pé scéal é táim ag dul chun cinn ach, dar mo bhriathar, ní fheadar ach oiread le bodach an bhóthair ciaca olc, maith nó cuibheasach atá an rud atá d'á scríobhadh agam. "Is fearr saor síorbhuailteach ná saor sár-bhuailteach." Is go réidh agus go haireach atáim-se ag gluaiseacht ach ní fhéadaim a rádh gur ró fhada théighim i n-aon ló. Táim le cúig uaire a chluig ag scríobhadh gan aon stad agus is iongnadh liom a luighead atá déanta agam; ach is amhlaidh a scríobhaim dhá líne agus scriosaim trí cinn, agus mar sin is furus a fheicsint conus táim ag cur díom. 'Seadh anois, is dóigh liom gur mithid dom dul chun dinnéir. Táim chun é chaitheamh fara mo charad Dupetit Thouars atá tar éis dul thar n-ais san tseirbhís, is áil liom go mór a rádh. Tá céim Comodóra anois aige, agus má leantar de'n chogadh tamall eile b'fhéidir go ndéanfaí Aimiréal de. Tá muinghin agam as, agus creidim go gcuirfidh sé a dhualgas i gcrích bíodh gur de dhream mhallaithe na n-uaisle é; ach máiseadh tá fuath croidhiúil do na Sasanaigh aige agus is maithte dho iliomad peacadh d'á chiona san.

Um thráthnóna. De dheascaibh gnótha theip ar Dhupetit teacht; ach, mar leoirghníomh, d'fhág sé agam giolla deacair de gharsún Franncach, d'fhonn ná beinn fé dhoimheanmain is dócha. Do chuireas díom é sin chómh maith agus d'fhéadas. Istoidhche chuireas fios ar bhuidéal d'fhíon na Burguinne le hintinn gloine amháin de d'ól. Do chromas (tar éis an buidéal d'oscailt) ar "Stairchuimhne ar réimheas Louis XIV" a léigheadh. Tar éis a bheith tamall ag léigheadh do bhraitheas mo chuthach éirithe, thar mar bhí riachtanach i leith cúrsa éigin ann, mar chaitheas uaim an leabhar le feirg ádhbhalmhóir. Siúd mé chun mo bhuidéil chun braon fionnfhuaraidh d'fhagháil as—agus, a laogh dhil na n-árann, ná raibh sé folamh! O hó!—D'éirigheas agus chuireas gach ní 'na ionad chóir, go cruinn—d'fhéachas na glais go léir—dheimhnigheas go raibh an doras daingnithe ar eagla go mbeadh cneamhairí san tigh ósta—d'iniúchas fé'n leabaidh ar eagla an

namha dom ionnsuidhe ó'n taobh san. Is dual do dhuine críonna bheith aireach, agus bhraitheas orm féin ar an am san go rabhas sáirchríonna. An uair ba dhóigh liom go raibh an uile ní go ceart, "*I mounted the wall of my castle, as I called it, and having pulled the ladder up after me, I lay down in my hammock and slept contentedly.*" Tá athrádh claon ar fad déanta air seo, ach is cuma riamh é; is cosúil díreach é le ceann d'aithfhriotail Ph.P. Do dheineas codladh gaiscidhigh go maidean.

XXI

CÚRSAÍ ARMÁLA AGUS RIALTAIS CHOGAIDH I gCÓMHAIR NA hÉIREANN D'Á mBREITHNIÚ.

1796—MÁRTA 27 GO HAIBREÁN 8.

Trácht arís ar thoscaire le cur go hÉirinn. Tone d'iarraidh saighdiúirí foirbhthe. Cainnt ar cé bheadh 'na Thaoiseach Áird-cheannais. Tírghabháil i mBaile Átha Cliath, Béal Feirste, Corcaigh, nó i gConnachtaibh? Tone ag smaoineamh ar ghradam d'á mhnaoi tar éis na buaidhe. Ag an Opera—Panurge, Drámaidheacht i bParis agus i Lonndain. Eaglais Shain Roch—" an Fête de la Jeunesse." Smachtoiliúint nó díoghrais chun deaghshaighdiúireachta? Pairliméid na Fraince ar siubhal. Tuairim Tone i dtaobh Chouanaigh a scaoileadh fá Éirinn. Trácht arís ar Mhac Síomoin, sagart, a chur go hÉirinn. Tone i bhfeirg mhóir. Cúl tugtha le scéim na Chouanaireachta. Cuaird ar chúirt dhlí. Montauciel na Fraince agus Montauciel Shasana.

Márta 27.—Ar fhéachaint dom trém fhorógradh ar maidin tá sé ag tosnú ar dhul i bhfeidhm orm gur ráiméis damanta é. Go maithidh Dia dhom má bheirim breith le míocharthanacht ach, dar liom-sa, níl ann ach adhbhar truaighmhéile. Pé scéal é níl aon deallramh le forógradh Franncach aige, agus ba léir dom i dtosach a dheacracht dómh-sa é scríobhadh i riocht ceannurraidh Franncaigh. Dá mbeadh orm forógradh a cheapadh do'n Chómhdháil i nÉirinn, agus dá mbeadh cómhairleoirí maithe agam, b'fhéidir go n-éireochadh liom ach, maidir leis an ngnó so, is léir dom go gcaithfead éirghe as mar obair, fé mar deirtar i nGaillimh.

Do chuas ar a dó a chlog go dtí an Taoiseach Ó Cléirigh agus dheineas cómhrádh fada leis. Dubhairt sé gur léigh sé mo dhá mheamram agus gan bréag ná bladar go bhféadfadh sé a rádh go ndearnadh ar fheabhas iad (agus dar ndóigh san); gur chuir sé, d'á dheascaibh sin, tuarasgabháil 'ghá moladh go dtí Carnot, agus go dtug seisean, leis, iarracht ar iad a léigheadh ach, ó fuair duadh mór i scríbhinn Béarla a léigheadh, gurbh éigean do-san (Ó Cléirigh) idirtheangú a dhéanamh ortha dho; gurbh é an méid d'fhéadfadh

sé a innsint dómh-sa fé láthair ná go raibh an Árdchómhairle tar éis a chinneadh go gcuirfaí duine go díreach go hÉirinn agus, d'á bhrí sin, gur scríobh sé go dtí athoifigeach de'n Bhriogáid Éireannach d'fhéachaint an rachadh sé ann, ach gur eitigh dul ar leithscéal drochshláinte. Dubhart-sa gur thruagh liom san mar gurbh fhear airm ab fhearr liom féin dá bhfaghthaí oiriúnach é ar chúrsaí eile. D'fhiafruigh díom arbh aithnid dom aon duine bheadh oiriúnach. Dubhart nárbh aithnid, ná raibh aon choidreamh agam ar aon daoine san bhFrainnc, agus go rabhas ar mo dhícheall 'ghá sheachaint sin ; nárbh fhios dom ná go raibh ar an nóimeat san dearthár liom i gcarcair Guise. Thugas gearrthuairisc annsan do ar scéal Mhr. Uilliam Brún (mo dhearthár Maitiú) ; agus, mar chrích scéil, dubhart má bhí súd san bhFrainnc, agus gan duine ní b'oiriúnaighe le fagháil, go mb'fhéidir go ndéanfadh seisean an bheart. Dubhart ar an am gcéadna nár thaithnigh i n-aon chor liom é mholadh dho ; mar, ar dtúis, gur ghnó dainséarach é agus nárbh áil liom a anam súd a chur san tseans, agus arís gur leasc liom aoinne chómh gairid i ngaol dom féin a mholadh do Rialtas na Frainnce, d'eagla go gceapfaí gur tré leithleachas a bheinn 'ghá dhéanamh.

Annsan, tar éis freagradh lághach a thabhairt orm, d'fhiafruigh an Cléireach díom cad é mo thuairim i dtaobh cuid de na sagairt ó Éirinn a bhí fós san bhFrainnc. B'é mo fhreagradh-sa air gurbh eol do cheana mo thuairim-se i dtaobh sagart de gach cinéal ; gur caillte ar fad mar dheineadar beart i nÉirinn ó thúis, deireadh, go raibh an ghráin mhairbh aca ar Réabhlóid na Frainnce ; gur bhaoghal liom, agus gur ródheimhin liom, dá gcuirtaí duine aca ann ó'n bhFrainnc go raghadh sé láithreach, de dheascaibh *esprit de corps*, i gcogarchómhairle le n-a chómhbhráithre i nÉirinn, go gcuirfidís sin bréigriocht ar gach ní dho, agus dar ndóigh, aon eolas a ráineochadh leis a bhailiú nárbh fhiú feoirling é. Dubhart, leis, gurbh fhearr go mór a gheobhthaí eolas ar aiste na hÉireann i ndiospóireachtaí na Pairliméide aca, d'á chiorrbhaithe a bhíodar le fagháil ins na páipéaraibh Sasanacha a chonnac ar an mbórd aige, ná mar gheobhthaí é i dtuarasgabháil aon duine ná tiubhradh ach siolladh d'á shúil fé'n tír agus casadh, cuir i gcás go mbeadh sé d'ádh air éalódh ; agus dubhart ná raibh aon fhianaise ba threise ná na diospóireachtaí sin, mar gur d'á n-aindeoin dearg a baineadh as béal na namhad iad a bhí chómh dícheallach san d'iarraidh an fhírinne a cheilt, agus a cheilfeadh í d'á mb'fhéidir. (Do bhí so

ráidhte cheana agam le linn cómhráidh ach mheasas nár mhiste teannadh leis, agus chuaidh sé i bhfeidhm go maith, dar liom, ar an gCléireach). Dubhart chómh maith céadna, dá ngeobhadh Árdchómhairle na Frainnce an gnó de láimh, go raibh súil agam ná rabhadar ar intinn é mhoilliú nó go bhfilleadh an toscaire sin, d'á gcuirtaí duine ann, go mórmór ós chun fios scéil a thabhairt dóibh i nÉirinn a raghadh sé ann agus nach chun aon scéal a thabhairt as. Do fhreagair an Cléireach dá mbeartuightaí ar an gnó a dhéanamh nach baoghal go moilleochaí é, go mbeadh gach ullmhúchán d'á dhéanamh ar feadh na haimsire, ach nach foláir nó ba léir dom go gcaithfaí duine a chur chun rabhadh a thabhairt do dhaoine i nÉirinn. Dubhart-sa go mba cheart san dar ndóigh, ach pé duine raghadh ann nár cheart páipéir ar bith a bheith ar iomchur aige ná é do labhairt le níos mó ná ceathrar nó cúigear d'ainmneochainn-se, ar eagla scéil a scaoileadh a mhillfeadh gach ní, agus réidhtigh an Cléireach liom.

Do thosnuigheamar ag cur tré 'chéile annsan i dtaobh mionchúrsaí an ghnótha, saghas gluaisthagartha go deimhin, *viva voce*, ar an dá mheamram. Mar thosnú dubhart-sa, ó mheasas ná cuirfaí thar cúig nó sé mhíle de shluagh airm chugainn go raibh muinghin agus dóchas agam go mb' iad an togha agus an rogha d'á raibh ar fagháil san bhFrainnc a gheobhaimís. Dubhairt an Cléireach gan amhras go mbeidís smachtoilte go leor. Dubhart-sa leis sin nach saighdiúirí a bhí smachtoilte amháin a bhí uainn, ach fir a chleacht seasamh le piléir, gur theastuigh cuid de na seanchatha ó'n Hollainn nó ó'n Rhéan uainn ; mar, maidir le saighdiúirí amhoilte, nach fada go mbeadh ár ndóthain díobh san againn. Do fhreagair an Cléireach ná féadfadh sé a gheallúint go mbeadh rogha agus togha airm na Frainnce againn, ach dá gcuirtaí a leithéidí ar aon chor ann gur saighdiúirí misniúla bheadh ionnta a thabharfadh ruathar fé'n namhaid chómh luath agus gheobhaidís radharc ortha. Dubhart féin, maidir le cródhacht airm na Frainnce, gurbh eol do'n tsaoghal é, agus go ngeobhainn orm a rádh pé áit go raghaidís sin ar tosach go mbeadh na hÉireannaigh leis na sála aca. (Chítar dom nach seanshaighdiúirí gheobhaimíd, má gheibhimíd ar bith iad, agus is olc san, ach caithfeam déanamh mar fhéadfam). Dubhart annsan, maidir leis na cannónóirí pé scéal é, go raibh a leithéidí i n-easnamh orainn, nárbh fholáir iad-san a bheith cliste, smachtoilte thar barr Do ghéill sé é sin dom. Do tharraingigheas annsan an Taoiseach chugam, agus dubhart go mba thábhachtach thar áireamh an ní

é, d'á mb'fhéidir sin, gur oifigeach mórchlú a bheadh ann go mbeadh a ainm fé iomrádh i nÉirinn, mar gur mhór le rádh deaghainm annsúd. B'é a fhreagradh dom go mba dheacair oifigeach d'á leithéid sin d'fhagháil a ghlacfadh an gnó air féin le sluagh chómh beag san. (Sin é an eagla a bhí orm ó thúis). Dubhart 'ghá fhreagairt ná glacfadh duine é muna ndeineadh trodaire dána, díscir éigin go mbeadh cuid mhaith spleodair ag baint leis, do luadhas Bournonville agus dubhart gur thaidhsigh sé siúd dom gurbh é saghas duine díreach é d'oirfeadh dúinn, bíodh ná raibh d'aithne agam air ach a chlú, agus tuarasgabháil Chamuis. Dubhairt an Cléireach, maidir le Bournonville, go raibh súd ceapaithe cheana le bheith i gceannas an airm san Hollainn agus gur olc an dóigh go scarfadh sé le ceannas seascad míle fear chun dul ar shluagh sé míle. Dubhart gur aige féin dob fhearr a fhios, ach gurbh é mo thuairim-se gur mhó glóire a bhí le buadhchaint i nÉirinn, leis an sluagh sin féin, agus go mba mhó tairbhe, má ba chuspa ar bith é sin mar nárbh fholáir do a thuigsint gur fial mar thabharfadh náisiún na hÉireann duais do gach n-aon ; bheadh páirteach ag soláthar na saoirse dhi, agus dubhart nár dheireadh d'ár bhféile nó go mba rabairne. Dubhairt sé gur dheimhin leis go mb'fhearr le Bournonville an t-ionad a bhí fé láthair aige. (Máiseadh sin deireadh leis an dóchas san, agus is truagh liom é). Dubhairt an Cléireach annsan go raibh roinnt d'oifigeacha Éireannacha fós fanta san bhFrainnc a raghadh ann b'fhéidir, agus d'ainmnigh sé Mac Eoinín*, a thugadh Barún Kilmaine air féin agus a fhios do Dhia cad 'na thaobh. Do fhreagruigheas-sa ná raibh againn-ne i nÉirinn aon an-mhuinghin as oifigeacha na seanBhriogáide Éireannach, dhein oiread san aca tréigean nó fealladh ar chúis na Frainnce ; maidir le Mac Eoinín, go raibh sé de'n mhí-ádh air bheith 'na cheannphort i ndiaidh Chustín, agus go raibh air "Camp de Caesar" ba mhóiriomrádh a scaipeadh agus, bíodh go mb'fhéidir nárbh aon phioc d'á chionnta súd é chuaidh sé i gceann daoine, agus pé scéal é, ó ba thaoiseach é ná raibh ádhmharach, mheasas go mb'fhearr Franncach d'fhagháil.

Thug san orainn trácht ar Bhriogáid na nÉireannach, 'na dtug an Cléireach dhá bhliain seirbhíse i gcath Bherwick, agus thugus tuairisc do ar gach tarcaisne agus gach míchéadfadh dár cuireadh ortha i Sasana agus i nÉirinn ; conus mar bhí ortha maithiúnas an Rí a ghlacadh i dtaobh sáirthréas, de bhrí iad a bheith i seirbhís na Frainnce ; conus mar dob éigean do'n chuid d'fhéad é na táillí

* Jennings.

d'íoc, agus do'n chuid nár fhéad, é ghlacadh *in forma pauperis*, cúrsa a bhí chómh táir tarcaisniúil sin nárbh fhéidir do bheith níos measa ; conus mar chuir an tIonadaidhe Rí impidhe ar a son go dtí Coiste na gCatoiliceach agus mar do diúltuigheadh do ; conus mar bhí an ghráin ag an bpobal féin ortha agus mar fhianaise air sin d'innseas an scéal beag i dtaobh an État Major a bheith ar intinn dul chun Aifrinn Lae Nodlag 'na láinéide agus mar b'éigean dóibh éirghe as san ar eagla a ruagtha ag an bpobal a bhí tar éis rabhadh a thabhairt do'n Dr. Treo gurbh é íde thabharfaidís ortha ná íde na gcrimpeach. Do thaithnigh an méid sin thar barr leis an gCléireach.

Do thagair sé le meas do'n Chonallach, gur oifigeach maith faithche é chun saighdiúirí d'oiliúint i gcómhair seirbhíse, ach ná raibh puinn éirime chun ceannasaidheachta ann. Do dhéanfadh sé dúinn-ne mar dhein an Barún Steuben i nAmerica, agus bead-sa, mar le duine, ar thaobh é fhostadh má théigheann cúrsaí chun cinn, mar is eol dom go bhfuil fuath do Shasana aige agus is mór an meas a bhí air ag Sweetman, mo charaid bhocht go mbeidh a chiach choidhche orm. Dubhairt sé, leis, gurbh é an Colonel Ó Mórdha an t-oifigeach ab fhearr ortha agus, maidir leis an gcuid eile go léir, gur dhream cródha iad gan amhras, ach nár dhream le cáil aon chuid aca.

Do chasamar arís ar ár gcúrsaí féin. Dubhart-sa go dteastóchadh beagán innealtóirí uainn. D'fhiafruigh sé dhíom cad chuige nuair ná raibh aon daingne cosanta againn. Chun seirbhís san bpáirc, adubhart-sa, chun loc cómhraic, ⁊rl., a cheapadh. Dubhairt sé gur rud é sin a bhain de ghnáth le gnó na dTaoiseach Conganta. Dubhart annsan go raibh ní amháin agam le rádh a bhain liom féin go pearsanta ; go raibh cuid mhór dhíchill déanta agam, gur ghabhas san mbaoghal arís agus arís eile, agus d'óbair dom uair gan teacht beo as ; dá dtéigheadh an obair seo chun cinn, go raibh muinghin agus dóchas agam go gceadóchadh Rialtas na Frainnce dhom bheith páirteach 'ghá chur chun críche, agus go rabhas deimhnitheach, dá ngeobhadh sé leor liom i dtaobh baothuaille mo ráidhte, go ndéanfainn feidhmeannas fónta ; ná raibh aon chol agam le cion saighdiúra de'n bhaoghal, ach go raibh col feilimeanta agam le mé a chrochadh i riocht braitheadóra ; d'á dheascaibh sin gurbh áil liom céim oifigigh d'fhagháil i n-arm na Frainnce ; maidir le haoirde na céime gur chuma liom é, ná raibh uaim ach bheith deimhnitheach go bhfaghainn cóir an tsaighdiúra dá ráinigheadh dom, tré mhíorath catha, go dtiocfainn ar láimh ag an namhaid.

agus gurbh fhios dom nach truagh ná trócaire gheobhainn ó'n namhaid ar aon aiste eile ; agus go raibh súil agam nuair a mheádhfaidís gach ní, ná ceapfaidís go raibh aon neimhréasún san athchuinghe sin. Dubhairt sé maidir leis sin nár léir do féin go mbeadh deacair ar bith san scéal ; nárbh fholáir nó bhí an méid sin, pé scéal é, ag dul dom le ceart agus go raibh sé deimhnitheach go ndéanfaí é ar an gcuma is fearr a thaithneochadh liom. (Maiseadh tá dóchas agam, má théigheann an gnó chun cinn go socróchar an scéal so.)

Do chromamar annsan ar ghnáthchómhrádh agus leigeamar dinn tagairt do neithe tábhachtacha, nó poinntí cogaidh do mheádhadh. Ar dtúis, maidir le Baile Átha Cliath, dubhart leis ná raibh coinne agam, toisc an sluagh a bhítheas a cheapadh dhúinn, go bhféadfaí puinn a dhéanamh ar dtúis ann ; go mbíonn ar a luighead cúig mhíle de shluagh chosanta i gcómhnaidhe ann, agus le cabhair an bhuntáiste fuaireadar ó'n mbuaidh gearrshaoghalach a fuair dream na n-aintighearnaí cómhpháirte, go raibh an Rialtas, tar éis na hairm agus a gcuid ordnáis a bhaint de na daoine agus tar éis Achta an Phúdair agus na gCómhdháil a chur i bhfeidhm, agus mhínigheas a gciall agus a mbrí sin do ; ach dá dtéightaí i dtír, ámh, go dtuitteadh ceann éigin de dhá rud amach : go gcongbhóchadh an Rialtas an sluagh chosanta mar dhídean dóibh féin, agus insa chás san go mbeadh cúig mhíle fear díomhaoin ag an namhaid, nó an dara rud : go dtiomáinfidís uatha iad 'nár gcoinnibhne, agus insa chás san go n-éireochadh na daoine agus go ngeobhaidís an phríomhchathair ; agus dubhart, leis, dá mb' é an chéad ní ba rogha leo, agus gurbh é mo thuairim go mba é, pé uair go mbeimís láidir ár ndóthain chun gluaiseacht ó dheas, agus dá sáruighimís, fé mar bhí coinne agam, sa pháirc iad, go dtarraingeochaimís gorta ar Bhaile Átha Cliath gan oiread agus buille do bhualadh. Do labhras annsan ar an mbuntáiste mór a thiocfadh as iarracht d'fhonn mearbhaill a thabhairt i gConnachtaibh d'á mb'fhéidir é, toisc a raibh de míoshásamh ar borradh san gcúige sin, agus an chosaint láidir a dhéanfadh an tSiona ann, agus bhíos á theannadh san air chómh láidir agus d'fhéadas. Do chonnaic súd gach buntáiste d'á raibh ann chómh maith liom féin, mar go deimhin is róshoiléir iad ; ach ní fhéadaim a rádh go dtug sé aon an-dhóchas dom go dtabharfaí fé de'n chéad iarracht. (N.B.—Cad a bhéarfadh ná déanfaimís féin é i gcionn seachtaine tré Shligeach. Aire dho san agus an léarscáil d'fhéachaint.)

Do thráchtamar annsan ar Chorcaigh, áit nach eol dom aon ní 'na thaobh. Deir sé liom go bhfuil suidheamh an chuain thar barr chun a chosaint ar aon ionnsuidhe ó'n bhfairrge, ach dá mba threise dhuit ar thaobh na talmhan ní bheadh agat ach seilbh d'fhagháil ar chnoc ó n-a dtagann lón uisce na cathrach agus go ngéillfeadh sí gan fiú buille a bhualadh. Do luadhas annsan mo bheartú féin maidir leis na hÉireannaigh atá anois 'na bpríosúnaigh san bhFrainnc agus do bhaineas scearta gáire as leis an módh bhí ceapaithe agam chun earcaidheachta, módh a oireann ar fheabhas do na daoine go mbeadh orm labhairt leo. Nuair ba léir dom go rug greann an scéil greim air, dheineas dícheall, agus cheapas roinnt de nathanna maithe grinn ag déanamh ábhachta dho Pháid bhocht i dtaobh

> "Women and wine, which compare so well,
> That they run in perfect parallel,"

mar adeir an file. Dar ndóigh, is díomhaoin bheith 'ghá cheilt, ach tá an diúlach bocht soileointe ó'n dá thaobh, ach is maith is eol d'áibhirseoir na feille é sin agus deineann toghadh go cliste ar cheann díobh, nó ar an gceann eile, nó ortha araon, tráth um a seach chun é chlaoidhe. Tá 'fhios ag Dia go ndearnaidh Sátan mo thuargan féin chómh maith le duine lem linn :

> "*With women and wine I defy every care.*"—(Gabhann).

Ba mhaith liom 'fhios a bheith agam cad déarfadh P.P. lem theagasc i dtaobh a thugthacht atá Páid bocht d'iomrall bhreithiúntais nuair

> "*The wine looks red in the glass,*
> *And the bright eyes of beauty are beaming.*"

'Seadh ! 'Seadh ! ní théigheann aon chuid de sin i bhfeidhm air siúd, agus sé an dála céadna ag P.P. é, agus ag duine eile ná hainmneochar. 'Seadh, fir sinn go léir, agus ná habraimís a thuille i dtaobh an scéil. D'fhiafuigh an Cléireach díom ar bhaoghal go ndéanfaidís linn mar do dhein na príosúnaigh Franncacha leis na Sasanaigh i Quiberon ? B'é mo fhreagradh air sin go raibh so de dheifridheacht mhóir ann : gur chun troid i n-aghaidh a ndúthaighe féin a tugadh na Franncaigh ar ais, ach nach i n-aghaidh a ndúthaighe féin a bhéarfaí na hÉireannaigh thar n-ais, ach chun troid i n-aghaidh na Sasanach, agus ná raibh aon amhras agam ná go gcóimlíonfaidís a ndualgas. D'iarras annsan air gan leigean do Charnot mé dhearmhad, ; agus, tar éis a shocrú leis go mbuailfinn chuige arís

d'fhéachaint conus mar bhí nithe ag dul chun cinn, cheileabhras do, agus b'é a chainnt deiridh liom ná "Tá fonn mór orm, agus dóchas agam," (agus do chuir béim urlabhra air), "go ngeobhaidh an Árdchómhairle dáiríribh leis an ngnó."

Taithnigheann gnó an lae seo liom go maith. Is léir dom ná raibh an ceart agam arbhú indé nuair a cheapas go raibh fuaire ag baint leis an gCléireach. Is dóigh gur mé féin a bhí míchéadfadhach toisc, dar fiadh, ná raibh mo chuid meamram léighte aige. Níor thógtha orm-sa é sin ach oiread ach, go deimhin, ba mhó b'é m'imnidhe i dtaobh an ghnótha fé ndeara é ná *m'amour propre*, ná aon leithleachas a bhí agam lem cheapadóireacht féin. Tá súil agam go bhfuilim ró áirdintinneach d'á leithéid sin, agus im thuairim féin is rí-ionnraic gach cuspa atá am ghríosadh. Tá sé ráidhte agam arís agus arís eile ins na meamraim seo go bhfuilim ag déanamh do réir an bhreithiúntais is fearr atá ionnam (agus mé ar díth lucht cómhairle, agus gur mór an díth sin), agus ar na prionsabail is comthromaighe. An bhfuil aon chuspa ar mhaithe liom féin agam. Tá, san. Má éirigheann liom annso measaim go mbeidh buidheachas mo thíre tuillte agam ; agus ó ghrádhaim í agus ó's dóigh liom go mbeidh im chumas fónamh di, is áirithe go bhfuil coinne agam le hionad éigin onórach i n-aiseag a bhfuil fulangtha cheana agam, agus i n-aiseag gach baoghail go bhfuil gabhtha agam tríd agus, fós, gach cinéal eile go bhfuilim réidh chuige agus go gcaithfead a fhulang agus gabháil tríd i gcúrsa an ghnótha so. Cá mór dom ? Dá mb'aoinne eile a bheadh i gceist is deimhin go mbeadh an tuairim chéadna agam. Tá súil agam (ach nílim deimhnitheach de) gurab í mo thír mo chéad adhbhar imnidhe ; pé scéal é is í an dara hadhbhar í. Má tá ceann chun tosaigh uirthi, óir ní mór ná go gcreidim go bhfuil, is í mo chumann is m'annsacht í, is solus mo shúl, is mo chuid de'n tsaoghal. Dob fhearr liom ná a bhfuil ar an saoghal go bhféadfainn í chur i n-ionad suaithinseach. Níl ionad d'á aoirde nár mhaise dho í, agus nárbh mhaith an díol uirthi é ; agus creidim nach mise amháin, ach gach n-aon gurab aithnid dóibh í, a ghéillfidh do'n méid sin. Is ar an bhfírinne is cóir an rath a bheith ! siúd í is annsa liom. Ach an gcuirfinn leas na hÉireann i ngeall le háirdionad a sholáthar d'ise. Ní dhéanfainn, a leithéid níorbh áil liom, agus dá ndeininn ba bheag uirthi 'na dhiaidh mé, agus dá mba bheag do raghainn dom chrochadh féin dála Iudáis. Máiseadh, níl aon rialadóir ar chroidhe an duine is fearr ná an deimhne bheith aige gur leis grádh deaghmhná, agus má's amhlaidh é nach orm-sa atá

an rath do-innste. Is fíor go bhfuil grádh dil dom mhnaoi agam, agus fágaim fé Dhia gur fíor san, agus is míle uair ró mhaith dómh-sa í, agus nílim-se féin ró olc ; ach tá de mhéid a feabhasa san go gcuireann sé mo mhórmhaitheas-sa fé náire. D'aindeoin a bhfuil ráidhte agam 'na taobh san agus im thaobh féin fágfad fé Whitley Stokes agus Peadar Burrows agus P.P., triúr d'fhearaibh córa, breith a thabhairt orm-sa ; agus anois tá iris an lae seo scríobhtha agam agus níl agam le rádh, tar éis a léighte, ach go measaim go bhfuilim im eadarghnóthaidheach chómh canta agus a gheobhadh duine fheicsint i bhfaid lae samhraidh. Ach máiseadh tá déistin orm ag an bhforógradh mallaithe seo. Ach, " 'Tis but in vain," ⁊rl.

Márta 28.—Do chuas go dtí an ceoldráma mar is gnáth dála árddhuine uasal. Chun na hamharclainne sin iseadh théighim i gcómhnaidhe mar, fós féin, is fearr a thuigim ceol ná Frainncis. *Panurge*, taispeánadh suaithinseach. Dob é Lays an t-amhránaidhe ab fhearr ar na fir, Madam Maillard ar na mná. Do bhí Madam Pontriel go ríghleoite ach go raibh beagán de chuma na hóinsighe le feicsint 'na hathadh ; bhí Madamoiselle Gavaudan 'na haisteoir grinn thar barr ; bhí Dufresne 'na aisteoir tréitheach agus 'na amhránaidhe maith. An chuid eile go léir cuibheasach go leor. Rinnceoirí. Vestris dob fhearr ortha, Nivelon annsan, Deshayes, Goyon, ⁊rl. Mná : Clotilde, deilbh breágh mná agus buaidh scéimhe agus oiliúna aici, ach tá d'uireasbhaidh uirthi adeir na Franncaigh, an *aplomb*, mar thugaid siad air, sé sin, díchorraitheacht oiriúnach deilbhe tar éis greas deacair a dhéanamh. Maidir liom-sa, ní thugas an easbaidh fé ndeara gur cuireadh i n-úil dom é ach anois táim ag tosnú ar bheith im leithbhreitheamh mé féin ; rinnceoirí rímhaithe iseadh Perignon agus Chevigney, agus an feabhas chómh comhthrom sin ionnta ná feadar ciaca b'fhearr liom. Níl aon bhreis áilneachta i n-aghaidh ná i gcruth aoinne aca ach deinid ionnramh le hoiread sin clisteacht ortha féin ná féadfaí aon ní a thaidhseamh ba sciamhaighe ná iad ar gach cor dá gcuirid díobh. Tá Duchemin go deas agus 'na rinnceoir rímhaith. Tá Milliere chómh gránna agus dob fhéidir, ach í 'na rinnceoir sárthaithneamhach ; measaim gurab í ab fhearr liom. Is fearr le muinntir Pharis Chevigney. Níorbh fhéidir a shárú le niatacht nó, dá n-abrainn é le sáráilneacht, an tslí 'na ndearnadh an Pas Russe anocht le Nivelon agus Milliere. Is é a fhaid ar a ghoireacht é ná fuil san amharclainn Rí san Haymarket ach sraithirí scioból i gcomórtas leis an Théâtre des Arts, maidir le radharcanna, córacha, éidí agus ornáididheacht ; ach 'na choinnibh

sin sáruighid a gcuid amhránaithe (Iodálaigh iad) na Franncaigh go hárd, ach go mbeirid sin arís an bhuaidh ó Iodálaigh agus ó gach náisiún eile i gcúrsaí rinnce. Ní féidir a mheas go mbeadh aon ní d'á shamhail níos críchchirte ná an mórbhallet san gceoldráma i bParis, agus go deimhin is fíor a rádh i ngach amharclainn d'á bhfuil aca go ndéantar cúram d'oiriúnaidheacht na gculaithéidí, go fiú an cor is lugha bhaineann leo, i bhfad níos mó ná mar deintar i n-aon amharclainn Sasanach mar a bhfeaca féin Macbeth i riocht cinnfine a bheadh i nAlbain ocht gcéad bliain ó shin, agus é aca gabhtha 'na bhest shnasta d'armchulaith scarlóide agus peribhic tiachóige air, agus nár nár do aghaidh a thabhairt ar chúirt Shan Séamais leo ; agus mar a bhfuil ar an am atá anois ann Hamlet, Danar, mac Horwendillus, d'á léiriú, fiú ag Kemble féin, duine go mbeadh súil agam le n-a mhalairt uaidh, agus culaith bhreágh láinghréasta de bhelvet dhubh air agus ribín uird na hElefainte thar a ghualainn ; mar a mbíonn an Rí Seán éidithe aca do réir faisiúin na bliana 1160, agus a namhaid, an Rí Pilib, ós a choinne fé hata trí bhfeirc agus cleite, agus cóta agus bhest dob fhaisionta san gcúirt seo anuiridh. Ní bhíonn a leithéidí sin choidhche san bhFrainnc chun sceit a bhaint as an tsúil, agus tugaid an t-aireachas céadna do ghléasadh an ghiolla is uirísle agus thugaid do'n rílaoch san aiste. Bíonn gach mionalt de na radharcanna chómh cruinne-cheart leis an ngnó eile : ní bheadh, cuir i gcás, peidhre de choinnleoirí plátairgid aca le tragóid Ghréagach. Tá staidéar cúramach déanta ar an ársaidheacht aca agus ar aon rud sciamhdha atá san nua-ealadhain, agus is fearrde iad d'á réir. Measaim gur leor a bhfuil ráidhte anois agam i dtaobh an cheoldráma go bhfuil na Franncaigh so tugtha, *á la folie*, dho. Bíd na hamharclanna lán go baic gach oidhche, agus ní fheaca oiread agus aon uair amháin " droichthigh " nó " tigh cuibheasach " mar a thugaimíd i Sasana ortha.

Márta 29.—"*My time, oh ye Muses, was happily spent, when Phœbe went with me wherever I went.*" Nach mé an díol truaighe annso. Níl aithne ar Chríostaidhe Mhic an Luain agam ; le duadh mór iseadh labhraim an teanga ; mairim i dtabhairní, agus is fuath liom iad ; ní féidir liom bheith síorraidhe ag léightheoireacht agus tá sé dulta i dtuigsint dom, de thoradh m'eolais, nuair a chaithfidh duine léigheadh gan a bhuidheachas gur beag tairbhe **ná** taithneamh a gheobhaidh sé ann ; agus bainim brí go feallsúnta as san go bhfuil gabháil le saoirse préamhaithe i nádúir an duine agus ná fuil i n-aon toirmeasc a cuirtar air thar mar is gábhadh ach——. Ó dhe ! dhe !

Metaphisicidheacht dar fiadh! Casaim ar mo sheomra, bíodh gur deas agus gur greanta é, fé mar chasfainn chun an phríosúin, agus fá dheireadh agus fá dheoidh téighim im leabaidh fé mar bheinn ag dul go dtí an goilltín. Níl de shaoghal agam ach dála an mhadra, agus sin í an fhírinne. Níl de chúltaca agam ach an ceoldráma.

Márta 30.—Do chuas indiu go dtí eaglais Shan Roch go dtí an *Fête de la Jeunesse*. Do bhí ar gach ógánach de'n cheanntar go raibh sé bliana déag d'aois sroichte aige teacht i láthair cinnirí an bhaile chun airm do gabháil; agus an chuid aca go raibh bliain agus fiche sroichte aca bhítheas chun a n-ainm a chur ar rolla na gcathardhach chun a gceart a dheimhniú chun guth a thabhairt ar cómhdhála. Do bhí an Eaglais cóirithe fé na dathanna náisiúnta, agus bhí íomháigh de'n tSaoirse ann agus altóir fé lasair 'na láthair. Do bhí cinnirí an bhaile suidhte fé bhun na híomháighe ann, agus bhí an eaglais líonta ó'n dá thaobh de lucht seallaidh, tuismitheoirí agus cáirde na bhfear óg, agus bhí spás i lár baill folamh do'n móirshiubhal. Dob iad a bhí annsan ná oifigigh cinn na rann san gceanntar, na Gárdaí Náisiúnta fé airm, agus oifigigh íochtair na rann agus, ar deireadh, na fir óga a bhí le tíodhlacadh. Sean-shaighdiúirí de'n ghnátharm seasta is eadh a bhí ar foraire, agus bhí carn de mhuscaedí agus de chlaidhmhte ann i gcómhgar na gcinnirí. Nuair a tháinig an móirshiubhal ann do cuireadh ainmneacha an dá dhream ar na rollaí, agus le linn an eadraimh do riar na saighdiúirí na hairm ar thuismitheoirí agus ar cháirde agus ar leannáin ghrádha na n-ógánach. Nuair bhítheas réidh leis an rolla thug oifigeach óráid ghearr uaidh do lucht na sé mblian déag ar an dualgas a bhí ortha d'á dtír, agus an onóir a bhain le hiomchur arm chun a cosanta—onóir a bhítheas le tabhairt dóibh. Leis sin do ritheadar súd ameasc an lucht seallaidh agus fuaireadar na hairm teine agus na claidhmhte, ó n-a n-aithreacha cuid aca, ó n-a máithreacha roinnt agus uimhir mhaith aca, bhraitheas, ó n-a leannáin ghrádha. Nuair a bhíodar armaithe do phóg a muinntir agus a lucht seirce iad, agus d'fhill gach ógánach chun a ionaid féin. Do raghadh thar meabhair an duine aon ní a cheapadh dob inspéisighe ná an radharc a bhí le n-a linn sin ann; an mórtas agus an glionndar i ngnúis na dtuismitheoirí; an *fierté* a bhí ins na saighdiúirí óga agus, thar gach ní, an fhéachaint a bhí ar aighthe an ógbhantrachta do bhí ann—mná áille cuid aca agus iad uile go taithneamhach ó'n ngríosadh thug an ócáid ortha. D'éirigh dásacht ionnam féin. Ní haon iongnadh feasta liom na miorbhailtí atá

déanta ag arm na Frainnce ag coimheascar thar cionn a saoirse. Nuair d'fhéachas ar an radharc a bhí ós mo chómhair agus annsan thugas chun mo chuimhne na scataí truaghán a chínn mar adhbhair saighdiúirí i nÉirinn, ag máirseáil fé lainncisí agus cuibhreacha, ní raibh iongnadh orm i dtaobh aon ní ó shin amach ; ach d'á aindeoin sin daoine misniúla iseadh na hÉireannaigh bhochta ; agus ní dóigh liom ná go bhféadfaí oiread dásachta a mhúscailt ionnta leis na Franncaigh ; pé scéal é má bhíonn an chaoi againn féachfaimíd é. Is amhlaidh atá sé ag dul i dtuigsint dom níos daingne agus níos daingne an chómhacht atá ag taispeáintaisí poiblidhe mar sin le linn réabhlóide, ach stiúrú ceart a bheith fútha. Ba cheart dom a innsint, le linn an deasgnátha, go raibh na hiomna cathardha d'á gcanadh maille le cómhghabháil lánbhuidhne ceoil, agus na fir óga 'ghá thógáil leo san gclaisceadal. B'áil lem chroidhe go gcloisfeadh mo mhúirnín mná rosc an "*Aux armes, citoyens.*" Níl aon chuimse leis an ngreim a bheireann an t-iomann biothmhairtheanach san, ní heol d'aoinne é ach do dhaoine chualaidh é le linn féile san bhFrainnc ; draoidheacht dáiríribh atá ann. Lá tairbheach dob eadh so.

Márta 31.—Toisc ná feadar cad eile dhéanfainn buailim amach ameasc na leabharbhoth agus gheibhim leabhair ar chúrsaí mileata i n-aisce nach mór. Dá mbeadh airgead le caitheamh agam d'fhéadfainn adhbhar breágh leabharlainne a cheannach ar neimhní. Táthar ag cur clódhanna costaiseacha amach fé láthair má b'áil le duine airgead a chaitheamh ar chló agus ar pháipéar agus ar chlúdach álainn ; ach tá 'na theannta san sárchlódhanna de sháirleabhair le fagháil ar rud gan áireamh. 'Sé an gnáithfhiacha íocaim ar dhuodecimo, fé chlúdach, ná caoga franc i n-aisighnaití agus do réir luach an Louis fé láthair sin tuairim dhá phinginn. Tá fhios agam go ndéanfaidh Máire gáir scige fém bhailiú d'États Militaires, mar thugann sí ortha ; ach is cuma fé sin. "*By Cot's providinch they may be yused some time or other.*" Bím féin ag gáiridhe fútha uaireannta ach meallaid siad mé toisc gur margadh maith iad, d'aindeoin Poor Richard. "*Never,*" ar sé, "*buy what you don't want, because it is a bargain ; I have known many a man ruined by buying bargains.*"

Aibreán 1.—Ag luadaráil timcheall "*cheapening old authors at a stall.*" Do chonnac cath álainn coisithe, agus scor d'eachraidh, d'á léiriniúchadh ag an Tuilleries ag árdoifigeach. Saighdiúirí an-bhreághtha iseadh na Franncaigh, a bhfeaca-sa dhíobh, agus

iad uile san aois chirt mhileata gan crannlaocha ar bith eatartha, ná buachaillí fé aois foirbhthe. Nílid go róchruinn 'na gcleachtaithe gleacaidheachta ná i ngoireacht do bheith ionchomórtais leis na Sasanaigh agus níos lugha ná san, dem dhóigh, leis na Gearmáinigh. Do laguigh san beagán mo mhuinghin as tairbhe smachtoiliúna, mar is dearbh go bhfuilid tar éis deargbhualadh a thabhairt do Shasanaigh agus do Ghearmáinigh araon, ach, ó'n dtaispeánadh a chím gach lá, cad chuige dhom aon iongnadh bheith orm faoi sin. Léiriú dhom air láithreach iseadh, cuir i gcás, an *Fête de la jeunesse* a chonnac indé. Ní fhéadfadh smachtoiliúint an fód a sheasamh i n-aghaidh na bruithdhíoghraise a chonnac agus, mar nach miste liom a rádh, a bhraitheas féin. Is cuimhin liom go raibh P.P. i gcómhnaidhe ar an tuairim sin, leis, bíodh go raibh amhras agam féin 'na thaobh, agus taispeánann san feabhas a bhreithiúntais sin, agus go bhfuil eolas níos cruinnecheart aige ar mheon an duine. Má théighimíd chun cinn i nÉirinn caithfimíd ár ndícheall báis a dhéanamh chun an saghas céadna díoghraise a mhúscailt a chím annso, agus óm eolas-sa ar an meon Éireannach, atá chómh cómhgarach san do'n mheon Franncach, measaim go mb'fhéidir é dhéanamh. Is é diabhal an scéil é go bhfuil Pádraig bocht tugtha beagán do'n bhraon agus ní ólann an Franncach pioc. Caithfimíd an scéal san a leigheas chómh maith agus fhéadfam ; is maith an té atá gan locht, agus tá cinéal de chómbáidh ag gabháil liom féin a thugann orm a bheith ullamh chun logha a thabhairt san scéal san. (Ceist.) An dtiocfadh maitheas as dá gcuirtaí deireadh ar fad le pionós corpordha i n-arm na hÉireann, agus díochur fé aithis le haghaidh mórlocht a chur 'na ionad, agus braighdeanas agus cruaidhbhiadh le haghaidh locht níos lugha ? Ní dóigh liom go gcleachtthar aon phíonós corpordha i n-arm na Frainnce, agus ba mhaith liom a chruthú mar spioraid 'nár saighdiúirí-ne go mbeadh aidhm árd onóra ionnta dála na bhFranncach. Tráth d'á raibh duine d'á dTaoisigh (Mairseal Richelieu) ag déanamh imdhruidim ar bhaile mhór, bhí sé ciapaithe ag an meisce a bhí ar siubhal san arm. Thug sé amach mar órdú gan a cheadú d'aon tsaighdiúir go bhfeicfaí rian meiscidh air bheith páirteach san ruathar ionnsaithe, agus ní raibh 'na dhiaidh sin rian dighe ar oiread agus fear amháin. Do bhí amhras le meathtacht ag gabháil leis an ól annsan, agus ba leor san d'á gcoimeád ar a gcéill. Togha scéilín iseadh é agus é tórmach le hiomad brí. Ach fillimís.

Tugtar cuid mhór d'á dtoil féin d'oifigigh agus do shaighdiúirí araon i n-arm na Frainnce agus thug san milleadh, nó ar a luighead ciorrbhadh mór, ar thuairim d'á raibh agam, mar bhíos-sa i gcúrsaí an scéil sin im chódhnach smachta. Measaim gur idir thuairim Ph.P. agus mo thuairim-se atá an ceart, agus máiseadh deinimís é réidhteach mar seo. Má bhíonn aidhm árd onóra ann agus díoghrais mhór ghlionndarach, annsan ní miste an smachtoiliúint (an saghas ní a dheineann innill d'fhearaibh) a bhogadh cuid mhaith agus, *a fortiori*, mionrudaí i dtaobh éidithe a thabhairt i bhfaillighe; ach muna mbí an aidhm onóra agus an díoghrais ghlionndarach san ann, caithfear an t-easnamh a leigheas maille le feidhm smachtoiliúna agus, mar chuid de'n chóras, ní rud gan tábhacht na baill éadaigh féin. Claidhmhte agus piostail amháin na hairm atá ag na marcraidhe i nArm na Frainnce, gan aon chairibín. Taithnigheann san liom mar dar liom riamh nárbh aon mhaith cairibíní. An lámhach do ghní coisithigh measaim gur mó go mór an torann atá ag baint leis ná a bhfuil de dhíobháil ann, agus measaim ná fuil san lámhach ag na marcraidhe ach magadh. 'Sé an *t-arme blanche* an gléas do na Franncaigh agus do na hÉireannaigh, measaim. Pé scéal é má théigheann an gnó so chun deighchríche sin é a mholfad-sa, mar duine loinneach, fíochmhar, iseadh Pádraig bocht, agus is iad na cleasa cogaidh ba cheart do gach náisiún a tharrang chuca ná an rud a bheadh ar aon dul le n-a dtréithe náisiúnta féin. B'fhéidir go n-oireann lámhach i bplatúna maith go leor do Shasanaigh agus do Ghearmáinigh spaidaigeanta, ach is mó de theaspach atá ionnainn-ne, agus molaim-se an bagonait. Ní háil liom pléidhe le hurchair raonfhada. Mar bhuille scuir, is mian liom staidéar a dhéanamh ar thréithe na saighdiúirí san bhFrainnc agus, má's féidir é, an spioraid chéadna a chruthú i nÉirinn agus, i n-aon fhocal amháin, arm na Frainnce a bheith 'na eisiompláir againn-ne, i n-ionad arm na Prúise. Measaim go n-admhóchaidh P.P. gur cneasta so uaim-se tar éis a raibh d'iomarbháidh eadrainn i dtaobh scéal na smachtoiliúna.

San iarnóin chuas de'n chéad uair go dtí an Conseil des 500 (dáil reachtais na Frainnce). Is dearbh gurab é príomhchómhdháil na hEorpa é, agus is ortha atá an chóir tighe is measa; seomra suarach neamhghlan droichdhéanaimh iseadh é; an nós atá aca chun labhartha ó'n triobún, ní maith é, agus is measa fós é de bhrí é chur ag cosaibh an Uachtaráin (ionnus go mbíonn cúl an óráidighe leis-sin) agus é i bhfoircheann an tseomra taobhfhada, ar chor ná

bíonn aon dul ag daoine san gceann eile dhe ar leath d'á n-abarthar a chlos. Tá siad go mór mí-riartha, leis, agus gur mór is iongnadh liom san tar éis taithighe sé mblian ar chómhdhála poiblidhe; ach is é an loinne chéadna a bheir dochlaoidhte iad i machaire an chatha agus míriartha sa tSeanaid. Maidir le n-a ndeallramh níor mhaisiúil ar chor ar bith é. Ní raibh aoinne mar adéarfainn deighéadaithe ann, bhí cuid mhaith gan púdar, agus triús agus buataisí ortha. Ó dhéanamh an tseomra agus ó dheallramh na cómhdhála chuireadar i gcuimhne dhom mo sheanmhaighistrí an tÁrdchoiste le linn na gcruinnithe móiriomrádha a bhíodh aca san mBack Lane. Ní raibh aon oidhre ortha ach iad muna mbeadh so, nach foláir dom a rádh gur mhó de'n uaisleacht a shamhlóchaí leis an Árdchoiste agus bhíodar deich n-uaire níos rialta agus níos deighriartha nó, i n-aon fhocal amháin, ba chosúla le dáil reachtais iad. Ní raibh ar bun aca ach gnó, dar ndóigh, agus ó'n uair ná raibh duine agam chun na daoine dob oirdheirce ortha a thaispeáint dom, níor chaitheas thar leathuair a chluig ann. Idir so súd, is mó bhí deallramh aca le lucht a gcóimhthíre do réab isteach i láthair Seanaide na Rómha, ná leis na Seanadóirí bhí cruinnithe 'na gcathaoireacha iomhóige ag feitheamh leo; agus ní fhéadaim a rádh, fé mar adubhairt an Taidhleoir ó Phyrrhus i dtaobh Seanadóirí na Rómha, gur chosúil iad le cómhdháil leithdéithe. Ach is róbheag an tábhacht cad é an deallramh atá ortha. Tá an mórtas bainte de'n Eoraip aca go dtrásta, d'aindeoin triúsa gorma agus fuilt gan púdar, agus sin é an rud is fiú a áireamh; is beag é tábhacht na coda eile.

Aibreán 2.—Chuas indiu chun an Chléirigh ag an Luxembourg. Deir sé liom go bhfuil ag dul d'á dhícheall duine oiriúnach d'fhagháil le cur go hÉirinn; go ndearnadh Franncach a chásamh do hoileadh ó bhí 'na leanbh i Sasana agus go raibh labhairt na teangan ar fheabhas aige. Ar dtúis gur aontuigh sé ach 'na dhiaidh sin nuair a fuair eolas ar na pionósa, i n-aghaidh áirdtréasa, a ghaibh le dlí Shasana gur theip a chroidhe air agus gur dhiúltuigh sé. Sin tubaist. Pé scéal é, níl leigheas air. D'innis an Cléireach leis dom dá dtéightaí chun cinn leis an ngnó (ní dubhairt sé ciaca a ndéanfaí nó ná déanfaí) go raibh beartaithe ag an Árdchómhairle mise d'fhostadh i seirbhís na Frainnce i bhfeadhmannas airm, agus nár mhiste dhom a thuigsint go bhfaghainn gach socrú mar sin chun mo shástachta. Dubhart-sa maidir lem mhian phearsanta féin ná raibh a thuille le hiarraidh agam.

D'iarr sé annsan go gceapfainn go cumair do gléas Chouanair-

eachta d'Éirinn go mórmór san Mumhain mar go n-inneosadh sé gan cheilt dom go raibh sé d'á cheapadh ag an Rialtas, sula dtugtaí fé aon rud níos mó a dhéanamh,go seolfaidís isteach i nÉirinn braisle ropairí (nó, mar dubhairt seisean, blagárdaithe) d'fhonn crádh agus ciapadh a dhéanamh ar an Rialtas ann, agus mearbhall gluaiste dhéanamh dóibh. Dubhart gur thruagh liom é. Dá gceaptaí gníomh d'á leithéid, chun ullmhú a dhéanamh ar aigne na ndaoine, nár chall é mar go rabhadar lánullamh cheana. Ná tiocfadh as ach éirghe-amach beag logánta thall is abhfus a cuirfaí go luath fé chois, mar go raghadh an t-arm (agus an militia mar aon leis go cinnte) i gcabhair do'n Rialtas san gcúrsa san, agus gach n-aon go raibh seilbh ionnmhasa ar bith aige ; fiú an chuid díobh go mba mhéin leo saoirse a dtíre, go ndéanfaidís an rud céadna ar eagla iomrall creachadóireachta d'á dhéanamh ortha féin, rud ba ródhócha thiocfadh as an saghas gnótha bhí luaidhte aige ; go raibh rud eile ba bhaoghalach a thiocfadh as an gcúrsa san agus dá mbeinn-se im aire ar Shasana ná tiubhrainn faillighe nóimite ann, agus go n-aontóchadh pairliméidí an dá thír láithreach leis, mar atá : dhá acht a chur i bhfeidhm ag athghairm na n-alt a achtuigheann ná fuil dualgas seirbhíse ar an militia taobh amuich d'á dtír féin, agus militia na hÉireann d'aistriú láithreach annsan go Sasana agus militia Shasana do chur 'na n-ionad, go mba mhaith an gléas é sin chun an dá thír a chur fé smacht bhagarthach, agus chun mí-chomhthrom a dhéanamh dúinn-ne. Dá dtuiteadh an méid sin go léir amach agus na héirithe-amach curtha fé chois, ní bheadh dul uaidh ach dála mar bhain riamh le stair, gurab amhlaidh a raghadh an Rialtas atá ann i dtreise. Ní leigfeadh na Sasanaigh an chaoi le faillighe uatha chun Éire a chur arís fé smacht níos measa, b'fhéidir, ná mar bhí uirthi roimh 1782, agus ceangal na gcúig gcaol a chur uirthi i slí ná féadfadh sí aon chorruighe a chur níos mó dhi, agus go bhfaghadh Sasana congnamh chuige sin ó uaisle uile na hÉireann gur díobh a lucht rialaithe anois, agus a dhéanfadh spior-spear do gach uile ní ar mhaithe le n-a dtairbhe féin. Gan amhras muna raibh aon ní eile ar intinn ag an bhFrainnc a dhéanamh ach Sasana a chrádh ar feadh tréimhse, b'fhéidir go dtiocfadh san de'n ghníomh a bhí luaidhte aige, bíodh gur mhór an chreach d'Éirinn é, ach dá nglacadh an Phoblacht le tuigsint níos leithne, agus le rúnchuspa níos ionmholta, níor cheart di nóimeat a chur amú le machtnamh ar a leithéid de ghnó. Dá gcuirtaí an tromshluagh i dtír uair amháin ba cheart gan amhras Éire a chur fé bharr lasrach ó na ceithre

cúinne, agus ruaig theine a chur ar Rialtas Shasana, ach gur thuigeas im aigne go mba thubaisteach an ní é an rud a bhí luaidhte aige-sin a dhéanamh roimh an tírghabháil. Mar chríochnú dubhart, maidir liom féin, go rabhas ullamh chun bheith im dhuine de dheichneabhar dá mba go mbeartóchadh Rialtas na Frainnce gan a chur ann ach an méid sin. D'iarras, leis, air gan a dhearmhad gur tuairim daingean é sin a bhíos a thabhairt le mórómós ar cheist go raibh machtnamh caithte agam léi de bhrí go raibh Madgett tar éis gnó d'á leithéid a chur fém bhrághaid cheana ó'n Aire. Dubhairt an Cléireach maidir lem chur-sa ann ná raibh sé ar aigne ag Rialtas na Frainnce mise a chur i mbaoghal ar an tráth san san ngnó. Gur rudaí tábhachtacha na constaicí a bhí d'á n-áiteamh agam ortha agus go ndéanfaí iad d'iniúchadh go friochnamhach. Dubhairt sé annsan go mba mhaith leis mé fheiscint i gcionn cheithre lá nó cúig agus, tar éis do eolas ar m'ionad cómhnaithe d'iarraidh agus d'fhagháil uaim, d'fhágas slán aige. (*Vide* an dialann i gcómhair Feabhra 2 agus Márta 22 agus 23 i dtaobh an ghnótha so. Tá an gnó so, is eagal liom, ag dul i ngreim ionnta.)

Tá léiriú insa chomhrádh san ar rud d'innis Madgett ar maidin dom (tá sé thar n-ais tar éis a thosca) : go bhfuil duine agus caoga de phríosúnaigh Éireannacha fachta aige a dhéanfadh troid i n-aghaidh Shasana go mbeadh fuil go glúine ortha, agus gur cheap sé gur mór an fónamh a dhéanfadh sé dá ndeintaí iad a scaipeadh ar fuaid na tíre. Do chuireas i gcuimhne dho an tuairim a chuireas i n-úil le linn na gcómhráidhte a dheineamar cheana fé'n scéal céadna ; gur thuigeas, dar ndóigh, dá gcuirtaí tús leis an ngnó aon uair amháin, d'á mhéid a leathnóchaí an lasair gurbh eadh b'fhearr ach go gcaithfaí buille mór na tírghabhála i n-aice Bhéal Feirste a thabhairt roimh gach ní eile, agus nuair a bheadh san déanta nár chás do bheith ag greadadh leis ar a thoil. Chítar dom go soiléir nach í mo chómhairle-se leanfar ; agus is baoghal liom go bhfaghthar amach gur miste an gnó é. Pé scéal é tá mo choinsias-sa gan mhairg. san scéal. Nílim-se mileánach ar an bhFrainnc toisc fonn a bheith uirthi gníomhartha uathbháis La Vendee agus na Chouanach a dhíoghailt ar Shasana, ach is cruaidh é má's í Éire bheidh thíos leis. Is í siúd agus ní hí Sasana a íocfaidh, agus ba bhreágh le Sasana san, mar ní lugha ortha na Franncaigh ná sinn-ne. Má scaoiltar an tsloigisc sin fé'n dtír ós íseal, tiocfaidh iarrachtaí logánta ar éirghe-amach d'á ndeascaibh, déanfaidh an militia órdaithe na n-oifigeach, seasóchaidh an chuid is cródha dár dtuathaigh bhochta go gclaoidh-

tar iad, agus de'n chuid a theichfidh crochfar roinnt aca agus seolfar roinnt mhór eile aca ar bórd na loingeas cogaidh chun cath a thabhairt ar son Shasana ; is treise de go mór a bheidh an Rialtas, gan tagairt do'n scrios a bheidh déanta gan tairbhe fiú do na huaisle féin. Ní thaithnigheann an scéal i n-aon chor liom dá mbeadh leigheas agam air, mar is eagal liom ná féadfad-sa aon chosc a chur leis. Pé scéal é, tá mo thuairimí curtha i n-úil go macánta agam. Páid bocht ! Is baoghal gur olc an t-ionad atá fé láthair aige.

Adeir Madgett liom gur imigh Mr. Uiliam Brown ó Ghuise agus pas taistil aige, ocht mí ó shin. Sin máiseadh deireadh leis an ngnó san. Tá súil le Dia agam go bhfuil sé, fé'n am so, saor slán fara na cailíní ag Princeton. Nach sona bheimíd má castar ar a chéile arís sinn fé mhaise ! Is mór mar ghoilleann an gnó so orm ; ach, pé scéal é, "*'Tis but in vain for soldiers to complain.*"

Aibreán 3.—Do chuas ag triall ar Mhadgett ar maidin do réir coinne. Bíonn sé lán de scéalta fónta i gcómhnaidhe. Deir sé liom go mbeidh seacht gcinn déag de loingeas chogaidh, beag agus mór, san gcabhlach mara, airm agus ordnás, ⁊rl., i gcómhair caoga míle fear, go bhfuil cuid mhaith de na hoifigigh ainmnithe cheana ach nach dóigh leis gur hainmnigheadh fós an taoiseach áirdcheannais. Tá san go léir go breágh, ach "*Má mhairimíd beo chífimíd súd,*" *a ndubhairt an dall.*

Thánamar annsan chun scéil mo choimisiúin-se i seirbhís na Poblachta. D'fhiafruigh sé dhíom má ba thaidhleoir mé annso thar cionn muinntir na hÉireann, ná ceapfainn gur mhímhiadh do dhuine dem cháilibh glacadh le coimisiún, óir, maidir le Rialtas na Frainnce, tabharfaidh siad dom aon chéim is maith liom a iarraidh. Dubhart-sa gur leor de chéim onóra d'aon duine go mbronnfaí air é bheith 'na oifigeach do'n Fhrainnc agus d'á bhrí sin, mar leis sin de, ná féadfainn cur 'na choinnibh agus, 'na theannta san, gurbh é bhí uaim ná cosaint a bheith agam ar eagla go bhfaghadh an namhaid greim orm de dheascaibh aon cheann de'n iliomad tubaiste a leanann de ghnáth an cogadh ; go rabhas lántoilteannach m'anam a chur i ngeall ar pháirc an bhuailte, ach nárbh áil liom mo chrochadh anáirde le tréas ; maidir le háirdchéim, gur róchuma liom 'na thaobh, mar gur dheimhin liom a luaithe agus bheadh beagán eagair ar nithibh i nÉirinn go bhfaghainn an gradam san tseirbhís sin a ceapfaí a bheadh tuillte agam ; go dtí sin go mba mhaith liom bheith ar ghasra an taoisigh áirdcheannais mar go ndéanfainn áis ann, de bhíthin an beagán Frainncise bhí agam, im fhear teangan

idir é féin agus lucht na tíre muna gceapadh an Rialtas annso gur ceart cipe a chur le 'chéile de phríosúnaigh Éireannacha, agus dá ndeintaí é sin go raibh súil agam go gceapfaidís mise le bheith ós a chionn. D'fhiafruigh Madgett díom cad é an uimhir ba ghábhadh mar *chadre* do'n chipe. Dubhart-sa dá bhfaghaimís céad go leith a chur le 'chéile go mba leor san, agus chómh luath agus thiocfaimís i nÉirinn go ndéanfaimís marcraidhe dhíobh.

Le n-a linn sin tháinig Mac Síomoin agus do chuir isteach orainn. Is é siúd atá d'á mholadh ag Prieur de La Marne le dul go hÉirinn. Do chrom Madgett ar bheith ag cainnt gan scoth ach, maidir liom-sa, níor thráchtas ach ar ghnáthchúrsaí, mar *Dolus versatur in universalibus*. Ní fada gur thuigeas gur mhaith a dheineas san mar is léir dom gur diabhal amadáin é agus nach duine oiriúnach é chun teachtaireacht chomónta féin a thabhairt uaidh. B'fhéidir gur duine macánta é gan 'fhios dómh-sa, agus b'fhéidir go bhfuil an misneach atá riachtanach do aige, ach níl sé tréitheach beag ná mór. Ní raibh oiread uilc riamh orm, agus bhí an bleácach 'ghá cheangal féin dómh-sa cé go rabhas-sa chómh neamhfháilteach tur agus dob fhéidir ; ach taidhsigheann sé dhom go bhfuil cuid mhaith toghaile ann, rud a bhain do de thoradh aineolais. Mallacht air ! an bleidire amadáin ; cad tá agam le déanamh leis ? Conus fhéadfad fios m'aigne a chur i n-úil do dhaoiste damanta d'á leithéid, nó leas mo cháirde, gan trácht ar leas an ghnótha go léir, a chur ar ionchaibh dúramáin ná fuil sé de thuigsint ann a bhéal a chongbháil iadhta ná fiú amháin a cúig d'aithint ar mhéireanna a bhaise. Canad i n-ainm an diabhail bhuidhe ar aimsigh Prieur é, agus cad é saghas duine Prieur féin agus a leithéid a mholadh ? Má mheasann sé le bheith éifeachtach é, níl ann ach amadán ; muna measann is measa fós é. Go n-árduighidh an diabhal leis é ! B'fhearr liom marbh é "*I would fain have him die, split me !*" Nach uathbhásach an crádh é seo ? Mar taidhsightar dom go bhfuil sé socair gurab é raghaidh ann. Cad a dhéanfad san gcruadhchás so, agus cad a bhain do Mhadgett gan eadargáin a dhéanamh i n-am. Do chuireas i gcoinnibh sagart ó thosach i leith go mb'iad ba neamhoiriúnaighe mar fheadhmannaigh, agus seo duine aca is díogha d'á bhfuil ann de shagairt. Cad é an diabhal slí fhéadfad-sa fios scéil a thabhairt d'asal d'á shórt ? Ní féidir é shárú le hoitireacht, le haineolas, agus le daoithiúlacht. Má théigheann súd go hÉirinn ceapfaidh na daoine ann gur ag magadh fútha atáimíd agus bleácach d'á leithéid a chur chuca. Cad a cheapfaidh Gog? 'Seadh, is éascaidh a osclóch-

aidh Gog a aigne do Mhr. Mac Síomoin. Leaghadh Dia air. Tá oiread san uilc orm ná feadar conus a scuirfead ó bheith 'ghá mhasladh. Táim chun dinnéar a chaitheamh indiu fara Madgett agus le toil an Tighearna tabharfad cuid de thaobh gharbh mo theangan do. B'fhéidir go bhféadfainn cosc a chur fós le Mr. Mac Síomoin muna bhfuil sé ró dhéannach cheana agam, rud is eagal liom. Seo sompla d'á chuid intleachta (toisc gur adhbhar grinn dom an duine): thárlaidh go rugadh ar pháipéir deiscréideacha de chuid na Portingéile nuair a gabhadh long ag dul do'n Bhrasil. Do bhí an Súilleabhánach, mac deirféar le Madgett, 'ghá mbreith chun na hoifige chun a n-aistrithe, agus arsa Mr. Mac Síomoin: " Is mór an greann a bheidh agaibh ag fagháil feasa ar an rud atá na bleácaigh Portingéalach so a rádh; an i *mBéarla* atá na páipéir sin go léir scríobhtha?" Páipéir deiscréide ó Aireacht na Portingéile go dtí Gobharnóir Rio Janeiro scríobhtha i mBéarla. A Thighearna Dia! Do mheasas go dtachtfaí mé d'iarraidh gan pléascadh ar gháiridhe ós a chómhair amach. 'Seadh is diail gleoite an teachtaire é. Is dócha gur Portingéilis a labharfaidh sé leis na hÉireannaigh d'fhonn scéal rúnda dhéanamh de. Léan air go bithshíor! Cad é an diabhal a thug treasna orm-sa é?

Dinnéar fara Madgett agam; tar éis bídh chromas ar mo ráidhte i dtaobh Mhic Síomoin agus tar éis scéilín na bpáipéar Portlingéilise, a bhí scríobhtha i mBéarla, d'aithris do dubhart go tur leis ná cuirfinn leas mo cháirde i nÉirinn ná leas an ghnótha i mbaoghal le haon fhios scéil a thabhairt d'á leithéid de dhaoiste gan leigheas.

Mheasas ar dtúis ar Mhadgett go raibh fonn a chosanta air beagán ach bhí an cás go fíorolc agus mé féin ró dhaingean, agus mar sin d éirigh sé as agus gheall dom ná raghadh sé ann, agus do fágadh an scéal mar sin againn; ach is dóigh liom go raghad amáireach go dtí an tAire agus go dtiubhrad an taobh gharbh dem theangain dosan i dtaobh an Mhr. Mac Síomoin so. B'fhearr dom gan aon ní d'fhágaint ar bóileágar. Ní fhéadaim a thuigsint conus a mealladh Prieur ann. Do bhí an bioránach ag lútghail orm-sa leis; ach dob fhuaire ná an leacoighre mé, agus ba stuacaighe ná Spáinneach, agus ní bhainfinn brí dho as aon ní d'á shoiléire é. Croch árd chuige! Tá breis ar fad de pháipéar ídithe agam leis féin agus le n-a chuid Portingéilis scríobhtha i mBéarla. Nach iongantach, ámh, go mbeadh Prieur agus De la Croix agus Madgett sásta leigean do súd dul ar thoisc chómh tábhachtach. Is dóigh liom go gcaithfead dul go dtí an tAire agus deimhne a dhéanamh de go gcuirfear

cosc leis. Ar aon chuma ní thiubhrad-sa aon eolas do, sin scéal dearbhtha. Tar éis dinnéir thugas dhá uair a chluig ag siubhal ins na Tuilleries leis an Súilleabhánach ag suathadh polaitidheacht bruithteasaidhe na hÉireann. Ógánach maith iseadh é agus is maith liom go mór é. Go luath chun leabthan.

Aibreán 4.—Chuas chuig Madgett ar a naoi a chlog chun go gcuirinn i n-úil, gan fiuchadh fola, cad a bhí beartaithe agam i dtaobh Mhr. Mac Síomoin so ná tuigeann, is áirithe, an Phortingéilis. Tá Madgett imithe as an gcathair ar ghnó earcaidheachta. Sin obair eile agus, ó'n tslí atá siad san 'ghá riar, ní thaithnigheann sé liom. Raghad chun an Chléirigh amáireach arís agus cuirfead 'na choinnibh, mar ní bheidh lámh ná ladhar agam i n-aon ghnó gurab é dortadh fola mó chóimhthíreach calma mí-ádhmharach a thiocfadh de. Na fir bhochta! Agus is iad an chuid ba mhisniúla agus dob fhearr aca thuitfeadh; dream, agus má caithtar a n-anam d'iobairt, b'fhearr bainistighe a dhéanamh ortha i gcómhair ócáide níos fiúntaighe. Im pháirt-se dhe ní fhágfad aon ní gan déanamh chun cosc a chur leis an anachain gan teorainn a chítar dómh-sa ar gach sórt slí a thiocfadh de dheascaibh spioraid na *Chouanaireachta* a chur ar siubhal i nÉirinn. Is dóigh liom go raghad anois agus go gcuirfead na fátha atá agam 'na choinne ar pháipéar d'fhonn a thabhairt do'n Chléireach amáireach . . . Scríobhas na fátha fé mar atáid i ndialainn an 2ra lae, i bhfuirm a cúig nó a sé de ghearrthagartha, agus siúd liom chun iad a thabhairt do'n Chléireach.

Ar mo shlí dhom ag an Rue du Bac chuas isteach chun an Aire. Dubhart leis nár ghnó ró thaithneamhach liom labhairt go cáinteach ar aoinne, ach ná leigfeadh mo dhualgas dom gan a innsint do go bhfeaca agus go rabhas ag cainnt le Mac Síomoin agus ná raibh sé oiriúnach olc ná maith le cur ar an toisc gur ceapadh 'na chómhair é; maidir le n-a chuid prionsabal agus a mhacántacht, ná raibh aon amhras 'na dtaobh san agam, ach maidir le n-a mheabhraidheacht, ná raibh ann ach dúramán cruthanta (breallán). Dá bhrí sin ní fhéadfainn-se mé féin ná mo cháirde ná ár ngnó a chur ar ionchaibh duine a bhí neimhéifeachtúil thar fóir. Do fhreagair an tAire dhom nárbh aithnid do ar aon chor é. D'fhiafruigh sé annsan díom an raibh aoinne agam féin do mholfainn. Dubhart leis ná raibh aithne ar dhuine agam i bParis. D'iarr sé annsan orm duine ceart a lorg (rud ná déanfad mar, ar an gcéad chor, ní haithnid dom aoinne, agus ar an dara cor, ní thiubhrad mé féin freagarthach le haon mholadh dhéanamh), óir ba lánriachtanach, adubhairt sé, go mbeadh fios

cruinn le fagháil ag an Rialtas i dtaobh an treo a bhí ar chúrsaí i nÉirinn. D'fhiafruigh sé annsan díom an rabhas ag cainnt leis an Taoiseach Ó Cléirigh ? Dubhart go rabhas, ar chómhairle Charnot. Máiseadh, ar sé, is dócha gur innis sé dhuit go bhfuil an gnó fé ghléas agus ullmhúcháin d'á ndéanamh," *et j'espére que ça ira*." D'innseas do gur bhreágh liom san a chlos uaidh, agus do cheileabhras do. Is i gcúirt an tighe ósta a thárlaidh an cómhrádh gearr so mar ar bhuaileas-sa leis agus é ag teacht amach ó n-a Bhureau.

Do ghluaisigheas ó'n Aire go dtí an Cléireach agus thugas dhá nóimeat 'na theannta-san mar bhí sé greithleánach i dteannta árdoifigigh agus a Aid-de-Camp. D'innseas na fátha bhí agam do agus dubhairt sé liom go rabhthas tar éis an beartú úd a chur ar ceal agus is maith liom é chlos. Dubhairt sé, leis, go raibh teipithe air go dtí sin duine oiriúnach d'fhaghháil chun dul go hÉirinn. D'innseas annsan go ndeaghas féin go dtí an tAire i dtaobh Mhic Síomoin ; go raibh an fear úd neimhéifeachtúil thar fóir agus go rabhas 'ghá innsint do-san ar eagla go dtiocfadh an scéal gan 'fhios air maidir le n-a fhostadh-san ; d'iarr sé annsan orm teacht ag triall air uair gach trí nó ceithre lá, agus mar sin do scaramar. Tá áthas croidhe orm go bhfuil an chóir úd Chouanaireachta curtha ar neimhní, agus tá súil agam go bhfuil baint éigin leis sin ag an méid adubhart-sa 'na choinnibh.

Bead deargdhíomhaoin anois go ceann trí nó ceathair de laethe, agus táim fíorthuirseach dem shaoghal. "*Fie upon't, I want work !*" Máiseadh, má bhainim Éire amach choidhche beidh obair mo dhóthain agam chun an méid seo a chúiteamh liom. Do chuas ag stróireacht liom mar is gnáth go dtí na Champs Elysées agus chaitheas béile im aonar. An aimsir go haoibhinn agus an saoghal le hádhbhacht, ach mé féin. "*Poor moralist, and what art thou ? A solitary fly*." Dar mo bhriathar táim chómh haonaránach annso agus dá mbeinn i lár fásaigh san Araib, agus is deacair sin i gcathair de leithéid Pharis. Um thráthnóna an *Comédie Italienne ;* ní mór le rádh é. Níl aon ní eile dhómh-sa ach an ceoldráma, leabaidh ar a deich. "Mhaise, beannacht Dé go raibh ar an duine," a ndubhairt Sancho Panza, " do cheap an codladh ar dtúis, is geall le brat do dhuine é 'ghá chlúdach féin go léir."

Aibreán 5, 6, 7.—Bán ! bán ! bán ! Is brónach so.

Aibreán 8.—Chuas ar bogluadar go dtí an Palais de Justice, sin é an Westminster Hall atá i bParis, mar tá cion gan 'fhios agam ar ghairm na dlí, bhíos im bhall chómh hoirdhearc san di im thír féin.

Do chonnac fear d'á chúisiú le bradaidheacht cláir adhmaid. D'innis sé a scéal féin go slachtmhar, agus bhí adhbhacóidighe aige a dhein é chosaint ar fheabhas agus a chuir cainnt go slachtmhar de. Do thuigeas gach focal de'n oráid agus is dóigh liom gur deimhniú é sin gur cheann maith é. Do bhí deallramh maith slachtmhar ar lucht an choiste. Do chuadar ar leith chun a mbreith a cheapadh ach níor fhanas le n-a thoradh san. Ó'n méid a bhí cloiste agam measaim gur saoradh é. Do theagaisc an breitheamh le cuimseacht mhóir iad agus, focal ar fhocal, mar is gnáth san dlí Sasanach; dubhairt sé leo gur ortha súd a bhí an bhreith a thabhairt agus nach air féin; gurbh é an caingean a bhí le réidhteach aca ná cad é bhí ar intinn an chionntaigh, óir d'admhuigh sé an choir; agus má tuigeadh dóibh nach le hintinn choirbthe do dhein sé é, ach tré ainbhfios, nárbh fholáir dóibh breith saortha a thabhairt air. Thaithnigh san uile go mór liom. Níor cheapas go raibh oiread san éirime ar dhlí cuirbthiúlachta san bhFrainnc, ach b'é fé ndeara dhom é sin ná gurbh é bun tuairime bhí agam, an chéim uachtair sin ar aindlí agus uathbhás—cúirt bhreithiúntais na Réabhlóide. Éadaighe dubha *à la* Vandyk a bhí ar an gcúigear breithiún a bhí ann, agus hataí go raibh na cleití náisiúnta mar mhaise ortha, agus ribín trédhathach fé n-a muineál ar nós iodha úird na ridireachta i Sasana, agus ar crochadh leis sin bhí na bearta agus na tuaighte, comharthaí a bhfeadhmannais. Do bhí aibíd ar an ndéanamh céadna nach mór ar an gcúiseadóir poiblidhe, nó an t-árdatúrnae; ní raibh aon éadach ar leith ar na dligheadóirí agus is cómhartha deighchéille é sin ortha. Is mar sin atá i nAmerica, leis; is ar na breithiúin amháin a bhíonn éide ar leith, agus ní bhíonn bréigriocht d'á chur ortha fé'n rud is breallaighe agus is lúgha ciall dár cheap duine riamh, an peribhig fada bunmhór. Ó thúis, deireadh do thaithnigh go mór liom an deallramh a bhí ar an gcoireach agus an chuma 'na ndearnadh an triail. Dob adhbhar dom an t-urlabhra solusghlan a bhí aige, agus modhúlacht a mheoin, le linn gearrchómhráidh a dhein sé leis an gcúiseadóir poiblidhe agus, ar a thaobh féin, do bhí súd lán de mhaoithe agus de dheighmhéin. Is baoghal dá mba ghadaidhe Éireannach a bheadh ann ná hiomcróchadh sé é féin chómh deigh-thréithiúil leis siúd, ná cómh deighbhéasach leis pé scéal é; ach caithimís uainn é sin. Ní locht ar Phádraig bhocht gan é bheith chómh deaghlabhartha leis an bhFranncach, agus d'á éaghmais sin ca bhfios cad fhéadfaimís a dhéanamh fós de? Tá nithe fónta ar a chumas.

Do chuas um thráthnóna chun an *Deserteur* d'fheicsint, ag an *Théâtre des Italiens*. Mealladh ann mé. Léiriúchán dona go leor; maidir leis na haisteoirí atáim a rádh, óir tá an píosa féin go sár-mhaith. Fiú Chenard a bhíonn de ghnáth ar fheabhas, ní raibh ach róchuibheasach ag léiriú Mhontauciel. Do bhí a mheon go tur, neambáidhiúil. Is é fírinne an scéil é nach eol do na Franncaigh conus aithris a dhéanamh ar fhear mheiscidh tré cheataighe oideachais a bhain dóibh, óir, de bhrí ná téighid féin go dian choidhche ar dhigh, níl na heisiomplára bunaidh aca, agus is amhlaidh a cheapaid samhalta éideimhne ar gheáitsí siubhail agus urlabhra, an fhir mheiscidh ach ceapadóireacht iseadh é sin go léir agus gurab é buaidh na haisteoireachta fíoraithris a dhéanamh ar an aicneadh. Dá mbeadh sé de mhórbhuntáiste ag Chenaud cúpla tráthnóna nó trí a chaitheamh fara P.P. agus duine eile ná hainmneochar, is dóigh liom go ndéanfadh sé méadú agus feabhasú mór ar a éirim i dtaobh an tslí ba cheart Montauciel a léiriú. Ag tagairt do-san, an mheanma a bhí i Montauciel, atá chómh fíorchosúil le tréithidheacht an tsaighdiúra Fhranncaigh, san mbundráma, bíonn sé fé bhréigriocht shuarach san dráma Béarla; choimeádadar agus mhéaduigheadar, ní foláir dom a rádh, tréith an mheiscidh ann agus gan annsan ach rud fánach tearc san bhFrainnc, agus do leigeadar d'á shoilbhre, d'á *fhierté*, dá neamhchúramaighe meoin agus d'á áirdmheanmain imeacht mar d'imeochadh ceo le gaoith. Níl aon phearsantacht ar dhruim an domhain is mó oiriúnaighe agus is cruinne eadarscartha san drámaidheacht ná pearsantacht dragúin de'n Fhrainnc fé mar chonnac féin d'á léiriú é uair nó dhó. Is d'á réir sin go sáiréifeachtach atá tréithe Mhontauciel deartha. Níl ach meisceoir cruthanta i Scirmis, an Mountauciel Sasanach; baintear an buidéal de agus ní bheidh annsan ann ach a iarlais. Bheadh Montauciel 'na Mhontauciel d'á cheal. Ach measaim gur leor an méid sin de léirmheastóireacht de'n iarracht so, agus, ar aon chuma, tá mo shuan de dhíth orm.

XXII

LEADRÁN, MÍOSHÁSAMH, MÍOTHUIGSINT AGUS DROICHMHISNEACH

1796—Aibreán 9 go deireadh Bealtaine

Scéal ar ghabháil daoine i nÉirinn. Uallbhaois agus éad Mhadgett agus an Chléirigh, dar le Tone. Trácht ar dhuine a chur d'iarraidh fios scéil go hÉirinn. Ysabeau. Drochamhras ar an Taoiseach Ó Cléirigh agus gearán air le Carnot. Órdaithe do'n Eichtighearnach. Cómhrádh ag Tone leis an gCléireach. Chouanaireacht do Shasana. Páipéir rúnda caillte—iad fachta arís. Áireamh nirt lucht airm i nÉirinn. Tagairt do chath Mhontenotte agus do chath Mhillesimo. Agallamh leis an Aire De la Croix. Ag an Théâtre Feydeau. Agallamh le Carnot. Tone do luadh Phichegru chun bheith i gceannas. Fios scéil d'á thabhairt ag an gCléireach uaidh. Madgett ag cuardach d'Éireannaigh ameasc príosúnach san bhFrainnc. Fionnraighe agus míoshásamh. Fir óga na Frainnce sula dtéighid san arm agus tar a éis. Beartaithe ag Tone cur fé san bhFrainnc. An Fête des Victoires.

Aibreán 9.—Do ghaibh an Súilleabhánach ar maidin chugam agus páipéar ó Shasana aige dárab dáta Márta 31 (deich lá ó shin) 'na bhfuil alt i dtaobh na hÉireann, agus é luaidhte ann go bhfuil Sir Edward Bellew, ó Bhellewstown, fé ghabháil i ngioll ar bheith páirteach le Cosantóirí. Is iongnadh liom é sin, mar is arstocratach cruthanta é, agus bhí sé féin agus a mhuinntir uile chómh dílis sin do'n Rialtas gur chabhruigheadar go suarach i gcoinnibh na gCatoilceach. Sin é an buidheachas atá ag Rialtas na hÉireann air. Ach tá giota eile nuachta 'na theannta atá 'na chúis mhóir imnidhe dhom ar an uile shaghas fáth, idir phoiblidhe agus príobháideach, sin é gabháil Sheáin Mhic Eochaidh. An fear bocht, ní haon áit í seo chun a mholta a scríobhadh. Is fada nár baineadh a leithéid de gheit asam. Má chaillimíd é siúd ní heol dom cá bhfaghaimíd duine le cur 'na ionad. Do bhíomar uair amháin nár réidhtigheamar, ach is oirdhearc go dearbhtha an fónamh atá déanta d'Éirinn aige agus go mórmór do na Catoilicigh, agus is maith an dóigh gurab iad trúig

a mhillte iad mar, toisc a dhrochshláinte, marbhóchaidh an t-aer neamhfholáin i mbraighdeanas an phríosúin é chómh deimhnitheach agus dhéanfadh an goilltín. Tá imshníomh thar innsint orm 'na thaobh. An Rialtas ifreanda san i nÉirinn. Is fada iad ag faireadh na faille chun a mhillte, agus is deimhin dom nach scorn leo aon chaoi, d'á uathbhásaighe é, chun a ndrochrún a chur chun críche. Ní mór go bhfuil aon dóchas agam go bhfeicfead go bráth arís é, agus is féidir liom a rádh, le fírinne, go raibh sé ar na rudaí ba thaithneamhaighe bhí ceapaithe agam dom féin, dá n-éirigheadh linn, mé bheith fós ar chuideachtain Mhount Jerome, mar ar chaitheas iomad de laethe fé shonas, agus roinnt aca chun leasa na tíre. Is annsúd do cheapas-sa agus é féin ár gcuid páipéar agus forógradh. Is annsúd do chuireamar le 'chéile an tImpidhe agus an Cosnamh ar na Catoilicigh a dhein feidhm chómh mór san i Sasana agus i nÉirinn. Is mór is eagal liom ná beam le chéile ag obair choidhche arís chun leasa ár dtíre dúthchais. Is deimhin liom go raibh sé ró chríonna ró aireach chun é féin a chur 'na lúib, ach cad é an mhaith críonnacht agus aireachas i n-aghaidh fínéidheacht éithigh a ceannóchar agus gur eol dom nach scorn leo dul 'ghá sholáthar san ; agus toisc an cruth atá ar chúrsaí i nÉirinn fé láthair glacfar le haon tsaghas fianaise. Ach tiocfaidh anuiridh arís. Muna dtagaidh linn é chosaint ar an mbás, tá súil agam, pé scéal é, go bhféadfam díoltas d'agairt thar a chionn agus, mar le duine, geallaim-se, dá mba fiche bliain ó indiu é, *ná déanfad-sa dearmad de.* Tá an chruadháil ag fás im chroidhe i n-aghaidh na huaire, agus gabhaim go réidh le nithe do bhainfeadh suathadh asam bliain ó shin. Tá uaisle na hÉireann ag dul chun alltachta leis na daoine, agus ortha féin bíodh. Níl aon trócaire ionnta agus ní díol trócaire iad féin. Má bhíonn sé choidhche ar mo chumas-sa aontóchad le lánchroidhe chun *sompla uathbháis* a dhéanamh díobh. Tá orm bualadh le Madgett indiu i dtaobh an ghnótha so ; ach, féach toradh an leadráin. Tá caillte againn cheana féin, b'fhéidir, Sweetman agus Mac Eochaidh, ná féadfaí aon díobh a shárú 'na réim féin. Mairg do'n duine nó do'n náisiún go mbíonn a leas ag brath ar thoil an duine thall. Tá seachrán tubaisteach ar mo bheartú oibre-se ó'n mbuille sin. Ní foláir leis an Rialtas annso duine éigin a chur go hÉirinn. Thar cách eile b'é Mac Eochaidh an duine gur chóir do dul chuige. Tá súd fé ghlas.

Chím san bpáipéar céadna gurbh éigean do roinnt mhaith eile teicheadh, d'fhonn an príosún a sheachaint ; agus is maith an dóigh go bhfuil an chuid is dícheallaighe agus is éifeachtaighe dem cháirde-

se ar an méid sin. Lá duairc é seo. Agus conus a bheadh dá dtárluigheadh go ngriogfadh an ghéarleanúint choitchionn so na daoine chun éirghe amach le 'chéile, fé mar thárlaidh i 1641. Ní rud nárbh fhéidir é. Ó! a thír seo na Frainnce, cad é brón ná tuillfir má scaoilir an ócáid seo tharat! A Éire bhocht! Ach cá tairbhe bheith ag ceisneamh ná ag cannrán, agus táim fé mhionn gan dul choidhche i n-éadóchas; ach raghadh sé thar fulang ag duine a leadránaighe atá an dream annso, má tá 'na gcumas aon ghníomh a dhéanamh; muna bhfuil, caithfeam géilleadh, ach is é an sceimhleadh cuimhneamh air.

Chaitheas proinn indiu ar na Champs Elysées i dteannta Mhadgett agus duine de mhuinntir Eichthigheirn, liagh, atá le cur go hÉirinn. Do chuireas i n-úil do mo thuairimí ar conus mar ba cheart do déanamh ann; agus do bhagruigheas go speisialta air gan oiread agus focal a scríobhadh, ná oiread agus scríob amháin pinn a bheith ar iomchur aige; d'innseas dóibh cia hiad na daoine ba cheart dóibh a fhiosrú, agus cainnt a dhéanamh leo; dubhairt ar an uair chéadna gurbh eagal liom go raibh cuid de'n dream dob éifeachtaighe dhíobh anois i bpríosún nó ar a gceilt féin. An mhoill fé ndeara so, ach ní mise atá cionntach ann. Taithnigheann an tEicthighearnach go maith liom. Duine réidh neimhsceinnideach é agus tuairimí maithe poblachtóireachta aige. Do bhí sé cheana ag obair i nAlbain.

Ag tagairt d'Albain: tá gnó éigin ar siubhal annsúd do réir mar thugas liom ó chainnteanna a chuala ar siubhal aige féin is ag Madgett, ach ná feadar cad é, ná níor chuireas ceist. 'Sé mo thuigsint-se ná déanfar choidhche aon ní annsúd muna dtosnuighimídne ar dtúis i nÉirinn. Má éirigheann linn, ní suairc an chómharsa sinn do Sheán Bhuidhe. Beam i ngoireacht ocht míle déag de. Tá ar Mhac Uí Eichthigheirn bualadh chugam ar maidin chun cómhrádh fada dhéanamh ar chúrsaí a thosca anonn, agus tabharfadsa roinnt meamram do, agus chómhairle 'na dteannta iad d'fhoghluim de mheabhair, agus annsan iad do dhóghadh go dearbhtha.

Do dhearmhadas a luadh san áit cheart go dtugas liom ar a 12 a chlog go dtí an Cléireach an páipéar go raibh scéal ar ghabháil Mhic Eochaidh ann, agus aistriú i bhFrainncis a dhein an Súilleabhánach dom ar an alt, i gcómhair Charnot. Do bhí sé díreach ag imeacht chun na hÁrdchómhairle agus ní mór go raibh aga agam labhairt leis. Ba mhian liom-sa labhairt le Carnot mé féin, agus dob fhollus nárbh áil leis an gCléireach go bhfaghainn caoi chuige sin. Mo mhallacht ar gach uallbhaois shuaraigh dhoichill d'á shórt. Ní

foláir le gach duine annso aca gach ní bheith fé féin. Tá antréith gránna san braithte agam i ngach aoinne riamh aca ach i gCarnot amháin. Ar dtúis ní háil leis an Aire mé a dhul chuig Carnot, annsan bheadh stainncín ar Mhadgett, dá leomhadh sé é, toisc mé a dhul go dtí an Cléireach, agus seo an Cléireach ag iarraidh é féin a sháthadh idir mé agus a uachtarán féin. De thoil Dé, ní éireochaidh leis, ámh! Má oireann dómh-sa Carnot d'fheicsint chífead é nó gheobhad an diúltamh.

Tá orm dul chun an Chléirigh arís amáireach ar a haon. Measaim go gcuirfead i n-úil do annsan, le hómós agus deaghbhéas, cad é cheapaim de'n ghnó so, óir is ciapadh ó thalamh é an tslí atá aca-san chun a dhéanta, go mórmór ó's tráth é go bhfuil práinn le gach nóimeat, agus mise buartha le himshníomh. Deir Madgett liom ná fuil riar an ghnótha so fé'n Aire le cúig lá déag agus go bhfuil sé ar fad ar láimh ag Carnot féin. Is mór é m'áthas d'á chionn san mar tá súd tugtha beagán do'n *timthireacht*. É siúd atá uaim-se agus tá súil agam gurab é mo dhul-sa cruinn díreach chuige féin, agus ár n-agallamh le 'chéile, fé ndeara an gnó a bheith curtha ar a láimh sin, d'aindeoin mo bhéarlagair mhallaithe, nach ceachtar aca Frainncis ná Béarla é. Má's amhlaidh é, agus b'áil liom go mb'eadh, ní maoidheamh liom a rádh do'n dul so gur maith an díol mé buidheachas mo dúthaighe d'fhagháil. Ba mhian liom buidheachas ba mhó fós a thuilleamh uaithi. *Nous verrons.*

Aibreán 10.—Tháinig Ó hEichthigheirn chugam indiu agus thugas do liost na ndaoine ba cheart do 'fheicsint, mar atá: Gog, Magog, P.P., C.T. . . . R.S.—, S. Mac Néighill, Olibher Bond, S.S. Mac Cnáimhín, agus, b'fhéidir, J.P. agus T. A. Emmet. D'innseas do leis i dtaobh roinnt eachtraithe beaga nárbh fhios ach dúinn féin, rud a chuirfidh i n-úil dóibh-sin go bhfeacaidh so mé agus gur labhair liom.

Nuair a bhí san déanta chuas ag triall ar an gCléireach, agus, do'n chéad uair, níor leigeadh 'na chómhair mé; ach bheireas air le linn é ghabháil amach as a *bhureau*. Do thaidhsigh sé go raibh deabhadh mór air, agus b'fhéidir go raibh. Dubhairt sé gur thaispeáin sé an páipéar do Charnot agus gurbh oth leis sin go mór an duine uasal úd d'á ghabháil, ach cad d'fhéadfadh sé a dhéanamh? D'fhéachas go mór dáiríribh air. "Cad d'fhéadfadh seisean a dhéanamh!" arsa mise. Do bhaineas searradh as mo ghuailne annsan agus dubhart fé dhó i bhFrainncis "*Mauvaise augure*" "Ní headh," arsan Cléireach. "Ná bí ag baint na brí sin as—ná

bain brí ar bith as an ní sin," Do shiubhluigheamar linn annsan i dtreo ionad na hÁrdchómhairle, mar a raibh súd ag dul; agus mé 'ghá áiteamh air, dá dtugtaí fé'n ngnó i n-ao'chor, nár mhór broid deithnis chuige. Do chuir sé cosc liom agus d'fhiafruigh, "Cá bhfios duit an bhfuil am d'á mheilt againn?" Do fheagruigheas-sa gur leor san; agus leis sin do scaramar. Chífead arís é i gcionn roinnt laethe. Is é ciall a bhainim as so go léir ná go bhfuil ullmhúchán go dearbhtha d'á dhéanamh i mball éigin; agus ba chlos dom an scéal céadna ó n-a mhalairt d'údar, rud is aithreach liom; ní headh nach maith liom an t-ullmhúchán, ach a bhfuil d'iomrádh 'na thaobh aca. B'fhearr liom go mbeidís-sin chómh seicréideach la daoine eile agus a bhíonn an Cléireach liom-sa. Ach táim-se beagbheann ar a sheicréid; cead dóibh a rogha córach a thabhairt orm-sa, má chuirid an gnó chun críche.

Aibreán 11.—Do ghaibh an Súilleabhánach chugam arís maidin indiú, mar is é siúd a bheireann eolas ar mhion-ghnóthaí ag triall orm, chun a innsint dom gurab é d'Albarade, a bhí go déannach 'na Aire Luingseoireachta a bheidh ós cionn cuid an chabhlaigh de'n fheachtas so againn-ne, agus go ndubhairt duine rúineolais leis nár mhiste dho bheith ag súil le scéala d'fhagháil ba mhaith d'á thír, mar go raibh, san am san, rud d'á dhéanamh di san Hollain, agus ceapaim, d'á reir sin, gur ann atá a gcuid ullmhúcháin d'á dhéanamh aca. Is maith liom an méid sin. Do luadhas féin an Hollann le Carnot is an Cléireach is an Aire. Dála an scéil, tá an tAire ar barraoid a churtha amach, ach ó tá an gnó anois ar lámhaibh ag Carnot féin táim ag braith air ná déanfaidh an scéal ceataighe ar bith dúinn. Níl aon éirghe anáirde i n-aonchor orm agus an chuma atá fé láthair ar rudaí.

Aibreán 12.—Bán! Is éachtach é mairbhitighe mo shaoghail fé láthair. Seadh "*'Tis but in vain,*" ⁊*rl.*

Aibreán 13.—Do bhuail Ó hEichthigheirn chugam ar maidin chun a rádh liom go raibh sé i dteannta an Chléirigh indé, gur Ysabeau, duine de na *chefs de bureau*, fé'n Aire do Ghnóthaí Coigcríoch, a chuir i n-aithne dho é. Tá sé bréan go leor de'n bheirt aca, dar leat, de'n gCléireach go mórmór a bhí, do réir deallraimh, ag gabháil a lán ráiméise. Níor chinneadar ar aon chómhairle ach b'é tuigsint a bhain sé as ná é féin do dhul go hÉirinn, agus duine nó beirt ón tír sin do theacht chun fios scéil a thabhairt do Rialtas na Frainnce i dtaobh cúrsaí i nÉirinn. Do thagair an tEichthighearnach ar mhoill an ghnótha san agus adubhairt go rabhas-sa ar an bhfód

ullamh, iniúil, chun gach eolas a thabhairt dóibh. B'é rádh an Chléirigh, tar éis mé mholadh go hárd, go rabhas-sa le háireamh míos imithe as an dtír agus go mb'fhéidir atharrach scéil innti ó fhágas í, agus adubhairt, leis, go raibh dúthracht chómh mór san ionnam go mb'fhéidir go dtiubhradh mo dhíoghrais orm 'cruth ró fhónta a chur ar an scéal bíodh nárbh é b'fhonn liom aon dalladh mullóg a chur ar Rialtas na Frainnce. B'é dubhairt an tEichthighearnach leis sin go raibh gach ní d'á ndubhart-sa ar aon dul leis na cúntaisí deiridh ins na páipéaraibh i dtaobh gnóthaí na hÉireann. Ach níor thaidhsigh an Cléireach a bheith sásta agus d'fhan an scéal mar sin. Maidir le Ysabeau, nach eol do oiread an cháithne i dtaobh aiste na hÉireann, tá sé tar éis a ladar a chur isteach san ngnó agus is é atá chun órdaithe a ghnótha a cheapadh do'n Eichthighearnach Ní féidir dómh-sa a thuigsint conus a cheapfaidh sé iad chun bheith i n-aon oiriúint do ghnó nach eol do féin. Do chrádhfadh so an croidhe i nduine. Seo é saoirse na hÉireann 'na spól caithte, anonn is anall idir bheirt *Chommis* de'n Fhrainnc, duine aca lán de chlaonaigne agus an duine eile d'aineolas. Cad tá le déanamh. Maidir liom-sa, conus a chuirfead i n-úil do'n Chléireach nach duine mé do mealladh lem dhúthracht féin, cuir i gcás féin go mbeadh sé de chineáltas ann géilleadh go mbeinn dáiríribh. D'á dhícheallaighe bheinn d'iarraidh é chur i n-úil do b'eadh ba shoiléire dho mo mhórdhúthracht ; agus sin mise i dteannta d'á bhrí sin.

Dála an scéil, tá an Cléireach chómh hoiriúnach chun an gnó so a riar agus atáim-se chun a bheith im Thighearna Sainsiléir ar Shasana ; agus maidir lem oiriúint-se do'n bhirt san, fágaim fé gach duine dárbh aithnid dóibh riamh mé i riocht dligheadóra. Níl dearmad déanta agam, maidir le rud, ar an ráiméis a bhí ar siubhal aige i dtaobh cuid d'uaisle na hÉireann a bhréagadh ar ár dtaobh ; cuir i gcás Tighearna Urmhumhan, mar shompla ; ná níor dhearmhadas ach oiread é d'á fhiafraighe dhíom ná féadfaimís aon ní a dhéanamh de Mhac Giobúin ? A Dhia Láidir ! nach leor é chun duine a chur le gealtaighe, a bheith d'fhiachaibh air éisteacht leis agus a fhearg a choimeád fé smacht gan trácht ar do cheannaighthe, i bhfianaise dramhuighill tubaiste mar sin. Agus féach, sin é leas na hÉireann ar chuma ar ionchaibh an duine sin. 'Seadh, 'seadh, is aindeis an tslí, adeirim arís, do'n náisiún go bhfuil a saoirse ag braith ar thoil cinn eile. Do bhí, leis, iarracht de dhíchreideamh ag an gCléireach san tuairisc a thugas ar chómhacht na sagart i nÉirinn, rud go bhfuil cuid mhaith eagla aige roimhe ; agus níl de

bhun aige leis sin ach an méid a thug sé féin fé ndeara le linn cuarda a thug sé ar Éirinn san mbliain 1789. Sin é le rádh Franncach ná tugann ach súilfhéachaint isteach sa tír ar feadh aga aon uaire seacht mbliana ó shin, agus gur le linn bruthghluaiseacht na Réabhlóide é sin féin, ag cur a thuairime féin i gcoinnibh mo thuairime-se a bhí ar an bhfód, agus staidéar cúramach déanta agam ar an scéal, agus a bhí ar fostadh lánmhuinghine aca, agus nárbh fhéidir aon ghnó a bhain le cúrsaí na gCatoiliceach a bheith ar ceilt uaim. Nach cuibheasach, agus nach ceanníseal, an scéal ag mo charaid, an Cléireach, é.

Do cheistigh sé Ó hEichtigheirn, mar an gcéadna, d'fhéachaint an fearr a thaithneochadh ríreachtas mar chóir rialtais linn, dá n-éirigheadh leis an réabhlóid, agus dubhairt dá mbeadh amhlaidh go raghaimís gan amhras i gcómhairle le Rialtas na Frainnce i dtaobh cé thoghfaimís. Sin croiceann na beithreach d'á dhíol dáiríribh. An amhlaidh a cheapann sé gan mhagadh, má éirigheann linn, go dtiocfaimíd fé dheithneas go Paris chun cainnte leis-sin, an Taoiseach Ó Cléirigh, fear dathúil bogchroicinn óg, chun ár ngnó a chur 'na chead ? Bíodh a fhios go dearbhtha aige ná déanfaimíd. Nuair a labhair sé liom-sa i dtaobh an scéil sin ní raibh sé chómh míochuibheasach san, mar dubhairt sé gur róchuma le Rialtas na Frainnce cad é an chóir rialtais a cheapfaimís ach go mbuadhfaimís an tsaoirse. Is deallrathach anois go bhfuil dóchas níos fearr aige, ach ní bhead-sa, mar le duine, sásta bheith páirteach le cur mo thíre fé smacht ag an bhFrainnc d'aon ghnó amháin chun dul ó smacht Shasana. Táimíd iniúil go maith ar shnámh dúinn féin dá leigtaí ár gcurrach ar muir ; muna bhfuilimíd téighimís go tóin puill. Ach ní beag san de'n Chléireach.

Maidir le n-a *chonfrère* Ysabeau, an *Commis* eile, a tháinig san ngnó so isteach ar shlí nach fios dómh-sa, muna bhfuil 'fhios ag Dia, is mó de chrádh fós é sin. Adeir Ó hEichthigheirn gur daoiste é, ach bíodh tréithe ar fheabhas an domhain aige cad é an diabhal teagaisc d'fhéadfadh sé a thabhairt uaidh i dtaobh gnótha nach eol do pioc de ? Is ar éigean, is dóigh, a bheidh sé fé inspioráid le linn a dhéanta. Och, a Éire bhocht aindeis ! sin é tú anois ar ionchaibh dá chléireach éidtreoireacha, má's macánta féin iad, agus munab eadh, agus cé is feasach annsan, is measa fós do scéal. Tá an tEichthighearnach imithe chuig Ysabeau. Dála an scéil, tá Madgett tar éis dréacht ar órdaithe a thabhairt d'Ysabeau nár thaispeáin sé riamh dómh-sa, agus ná feadar cad é a chúis sin. Níor chuir súd

de dhuadh air féin iad a léigheadh. Staonfad go gcloisead cad é toradh an chómhráidh seo. . .

Tá an ruaig ar Ysabeau. Nach deas an tráth d'aimsigheadar chun fios an rúin a thabhairt do. Nach é an díth céille dochreidthe é. Do labhair an tEichthighearnach leis an Aire féin agus do chuir a lántuairim i n-úil do i dtaobh an Chléirigh, nach duine macánta é, dar leis. Ní fheadar-sa. Dubhairt sé, is cuimhin liom, san gcéad chómhrádh dhúinn gur ghaol do Thighearna Chathair Dún Iascaigh agus do Bhuithléaraigh na hÉireann é. Tá gairinghean do Mhac Giobúin pósta ag Tighearna Chathair Dún Iascaigh. An é sin fáth na himnidhe atá air i dtaobh na n-uaisle, agus an fonn atá air chun greim d'fhagháil ar Thighearna Urmhumhan, agus ar na cinnirí Buithléarach, agus ainspiantacht mhór na ceiste chuir sé i dtaobh Mhic Giobúin. Tá cló aisteach ar an scéal. Má chruthuigheann sé bheith 'na fheallaire ní mór dom a bheartú cad ba cheart dómh-sa a dhéanamh agus, má's gábhadh é, é agairt air mé féin, rud a dhéanfad, mar tá fás thar fóir ag teacht ar m'olc chuige. Do réir deallraimh dubhairt sé leis an Eichthighearnach go gcuirfeadh sé scéala chun muinntir na hÉireann bheith ag braith ar chabhair um Meitheamh an Fhóghmhair, nó b'fhéidir um Shamhain, seo chugainn, i gcionn a sé mí nó a seacht ; agus chuir sé mar choingheall leis sin a rádh, "muna dtárluighidh rud éigin i gcúrsa an tslógaidh a chuirfeadh cosc leis" ; eisceacht choitchionn go maith. Nuair d'innis Ó hEichthigheirn do'n Aire é sin b'iongnadh leis é, mar, le fírinne, ní heol do féin pioc i dtaobh an ghnótha. D'fhonn bheith scartha leis an ngnó, thug sé ceisteanna scríobhtha do'n Eichthighearnach i dtaobh na hÉireann agus go bhfuil freagraí ortha le fagháil aige cheana im mheamram-sa ; ach ní raibh ann ach leithscéal chun moille agus dubhairt go raghadh sé féin go dtí an Cléireach agus go dtiubhradh fios scéil amáireach do'n Eichthighearnach ar a haon a chlog mar aon le hórdaithe deiridh.

Ní féidir cruth níos measa bheith ar rudaí le 'chéile. Má's duine neamhmacánta an Cléireach tá ár ngnó déanta. Tá beartaithe agam-sa cad a dhéanfad féin ; fionnfad ar dtúis cad é toradh an chómhráidh idir an Aire agus an Eichthighearnach amáireach, agus cad dubhairt an Cléireach féin agus bainfead míniú scéil as agus ní ghlacfad le diúltamh gan roinnt éigin feasa d'fhagháil cad tá ar siubhal, rud ná dearna go dtí so ; a fhaid ar a ghoireacht é, trialfad deimhniú éigin dearbhtha d'fhagháil uaidh. Má theipeann san orm cuirfead mo thuairim go hiomlán gan cheilt i scríbhinn i láthair

Charnot i dtaobh iomchuir an Chléirigh, go mórmór ; agus luadhfad do fátha bunaidh na tuairime sin. Éileochad, leis, gur leis féin amháin feasta raghad i gcóimhfhreagairt, agus má eitighbtar fé sin mé gur cómhartha liom é go bhfuiltar tar éis an gnó a thréigean. Agus muna dtaithnigheann so uile leis an gCléireach baineadh sé sásamh amach. Tá amhras thar fóir agam air go bhfuil sé fé cheilt ag bacadh an ghnótha ar mhaithe le n-a ghaolta uaisle i nÉirinn ; agus má tá, is orm-sa bheadh an t-áthas caoi a bheith agam sásamh a bhaint as a chorp.

Tar éis an tsaoghail, b'fhéidir ná fuil sé cionntach agus ní dhéanfad aon bheart ach do réir deimhnithe bheidh agam a thaithneochaidh lem choinsias. Tá an tEichthigharnach *acharné* 'na aghaidh, agus ní taise do'n tSúilleabhánach ; is fuaraigeantaighe mise ná aoinne aca. Cáinfidh an tEichthighearnach arís leis an Aire é, go mórmór toisc a rádh go raghaimís-ne i gcómhairle leis an bhFrainnc i dtaobh rí a thoghadh, agus gurab iongantach san ó'n gCléireach. Cuirfidh an Súilleabhánach Prieur agus Laignelot san druim air. Maidir liom-sa ní haithnid dom aoinne agus, dar ndóigh, níl cómhacht agam dá mbeadh an mian féin agam chun cómhcheilg a dhéanamh 'na choinnibh, rud ba lag liom. Má fhionnaim air gur feallaire san ngnó so é nó má gheibhim fátha maithe a dheimhneochaidh m'amhras air, cáinfead láithreach le Carnot é agus deineadh sé annsan a rogha ruda. Ó hEichthigheirn agus Ó Súilleabháin, gur fearr is eol dóibh an *pave* ná dómh-sa, is deimhin leo gur feallaire é. Maidir liom-sa dhe, nílim deimhnitheach, bíodh go bhfuil deallramh an scéil 'na choinnibh, fanfad le promhadh níos fearr, agus má dearbhuightar fé dheoidh dom é, déanfad annsan mar is ceart. Féachaimís cad é scéal é ag an trí lá nó ceathair seo chugainn agus gan aon ní ain-spianta dhéanamh go dtí sin.

Chaitheas dinnéar i dtigh an Eichthighearnaigh fara Madgett agus Ó Súilleabháin. Togha *Champaign*—mé ar bogmheisce, le feirg agus le canncar i dtaobh míscéimhe an chúrsa bhí rómham. Ar fhu-laingeas-sa baoghal báis, is milleadh ar mo leas saoghalta, is scarúint lem mhuirghil, is tréigean mo thíre chun díolúnach dom shárú ar deireadh thiar. Má's díolúnach é díolfaidh go dóighte as.

Aibreán 14.—Bricfeast fara Ó hEichthigheirn agus Ó Súilleabháin. Níl aon atharrach tuairime aca i dtaobh an Chlérigh. Fanfad-sa le n-a thuille fianaise. Tá Ó hEichthigheirn chun dul indiu go dtí an tAire, agus sin iarracht amháin fé thuairim eolais. Socruigheadh

go gcaithfimís dinnéar le chéile. *Dinnéar*—ní fhuair Ó hEichthgheirn dul chun an Aire; dada ní dearnadh mar sin.

Aibreán 15.—Do chuas i dteannta an Eichthighearnaigh chuig an Aire agus cuireadh fíorchaoin fáilte rómhainn. Do bhí an Cléireach go raibh an chuid mileata de'n ghnó fé n-a chúram, feicithe aige agus thug súd deimhniú dho go raibh ullmhúchán d'á dhéanamh san Hollainn laistigh. Maidir leis an Eichthighearnach, go mbeadh a chuid órdaithe ullamh 'na chómhair sin i gcionn trí lá nó a ceathair Chífeam annsan cuid éigin de'n ghnó. Do tharraingigheas chuige gabháil Mhic Eochaidh, agus an mearbhall a dhéanfadh san d'ár ngnóthaí. Is é dubhairt sé ná gur mar sin is mó bheadh aigne na ndaoine ar mire. Thugas mar fhreagradh air go rabhadar san ar mire maith go leor cheana féin, ach gurbh é an mearbhall ba léir dómh-sa ná a bheith do súd agus d'á thuille fé ghlas, agus gur maith é a gcabha r le linn bheith ag cur rialtais sealadaigh le 'chéile. Do luadhas, leis agus d'iarras air a thabhairt chun cuimhne, na daoine céadna d'ainmnigheas le bheith cáirdiúil liom agus gur chuca ba chóra dul chun cainnte i nÉirinn, gurbh iad a bhí i ngéibhinn d'á gcrádh ag Rialtas na Breatainne. Do ghlacas an chaoi a fuaireas chun mo leithscéal a ghabháil leis ná tagainn níos minice ag triall air; gurbh eol dom go raibh gnóthaí ró thábhachtacha ar siubhal aige chun bheith ag cur aimsire amú air le cuarda deasgnátha, agus scaramar go mór muinnteardha le 'chéile; é sin 'ghá dheimhniú dhómh-sa nár mhiste dhom bheith ag braith air go ndéanfadh sé féin a mhóirdhícheall i ngach cuid de'n ghnó a bhí idir lámhaibh aige. Caithfead fanúint anois d'fhéachaint cad iad na hórdaithe a tabharfar do'n Eichthighearnach.

Aibreán 16, 17.—Bán! bán! Mallacht air!

Aibreán 18.—Cuaird ar an gCléireach atá go seicréideach le déannaighe. Bíodh aige. Ní raibh dada le hinnsint aige dhom i dtaobh ár bhfeachtais-ne, ach dubhairt go raibh scéim éigin *Chouanerie* beartaithe aca i gcómhair Shasana, agus d'iarr go scríobhfainn-se páipéar d'oirfeadh le scaipeadh dá dtéightaí i dtír fé thuairim an ghnótha san. Dubhart ná féadfainn é, nárbh eol dom fátha gearáin i Sasana agus nárbh eol dom scríobhadh i gcló duine de'n Fhrainnc. Dubhairt súd gur deimhin leis go bhféadfainn dá mba mhian liom é. D'fhonn an gnó a chuir i leathtaoibh dubhart go dtiubhrainn fé, ach ní dhéanfad. Is mallaithe an dúil atá san *Chouanerie* aige.

Aibreán 19. Bán!

Aibreán 20.—Ó b'é seo an chéad lá *'Fhloreal* d'fhágas an *Hôtel des Étrangers* mar ar creachadh san diabhal buidhe ar fad me, agus d'aistrigheas go dtí an tigh mar a gcómhnuigheann Ó hEichthigheirn; agus tá súil agam gur saoire agus gur compórdaighe a mhairfead ann.

Do chuas leis an Eichthighearnach ar a haon a chlog go tigh an Aire ar thuairisc a chuid oideasaí teagaisc sin. Tá deallramh ar an scéal sa deireadh go ndéanfar rud éigin. Do léigh an tAire dréacht an teagaisc agus tá a lán ráiméise ann fara beagán deighchéille. Cuimhnigh ar dhíth céille an ailt so atá ann : má tá Éire fós dílis do na Stíobhardaigh tá duine de'n chine sin le fagháil a thaithneochaidh le gach dream ! Cia an diabhal an Rí-éilteoir *in petto* so ? Is cuma dhúinn-ne é, ámh, mar ná beidh baint ar bith againn leis. Do dheineas tagairt nó dhó i dtaobh na n-oideas teagaisc leis an Aire agus dhein sé go rímhacánta liom é, mar thug sé dhom iad agus dubhairt liom aon tuairimí bheadh agam a chur i n-úil ; agus maidir leis an Eichthighearnach dubhairt sé ná beadh aige sin ach leanúint de'n chuid aca go mbeadh gabháil aca leis an tslí bheadh cúrsaí i nÉirinn, agus gan bac leis an gcuid ná beadh, agus is macánta an méid sin uile uaidh. Tugaim fé ndeara gurab é an Cléireach do scríobh an t-oideas teagaisc, mar chím ann a chuid ráiméise mar gheall ar rífhlaitheas, is uasalradh, is an chléir. Tá rud amháin, ámh, a bheir dom fulang leis an mbaosradh so agus is é é : go bhfuil geallta ag Rialtas na Frainnce 10,000 fear agus gléas airm do 20,000 a thabhairt dúinn agus, leis an sluagh san, níl an t-amhras is lugha agam ná go mbéarfaimíd buaidh. Beidh naoi longa líneagair 'ghá dtionnlacan (Duits, measain) agus trí frigéid, agus beifar ullamh timcheall lár, nó fá thuairim deireadh, na Bealtaine agus ní mó ná sé seachtaine go dtí sin. Má's mar seo a bhíonnach ná bím ró dhóchasach.

Do chuas chuig Madgett go n-innsinn an deaghscéal do agus shocruigheamar go gcaithfimís dinnéar le 'chéile—Ó hEichthigheirn, is eisean is mé féin—ar na *Champs Elysées*. Do chaitheamar san agus ár gcoisceadh go maith de dhigh. Do bhuaileamar amach go bhfeacamar na saighdiúirí Franncacha 'na ngasraí ag rinnce fé scáth na gcrann fara a gcuid ban agus leannán. Do réir an fhuadair a bhí fúm, agus urmhór de dhá bhuidéal Bhurguinne fé'n tsúil agam, fágaim fút a mheas conus a thaithnigh an scléip liom-sa. Nár mhinic a bhraitheas uaim mo mhúirnín mná. D'fhilleas ar an *Restaurateur* mar ar chuireas, dar m'fhírinn, críoch le buidéal eile,

an treas cheann, i dtreo, ar theacht abhaile dhom, go rabhas fé áirdmheanmain agus iomad de thaidhsí taithneamhacha ós cómhair mo shúl. 'Seadh, "*wine does wonders, does wonders every day.*" Chun leabthan, codladh gaiscidhigh.

Aibreán 21.—Ag siubhal Pharis ag ábhacht go cneasta dhom féin "*I gin to be a weary of the sun.*" Ba bhreágh liom lán mo shúl d'fhód ghlas na hÉireann d'fheicsint arís ; mar sin féin is aoibhinn é Paris ; ach "is buan fear 'na dhúthaigh." Seadh cá bhfios ? B'fhéidir go mbeinn fós ann.

Aibreán 22.—Dheineas maicscríbhinn d'órdaithe an Eichthighearnaigh, scríobhas mo thuairimí agus is cumair iad. Níl tagairt agam ach do rud riachtanach agus, maidir leis an gcuid eile, ní dubhart ach go raibh go ceart agus nuair a shroichfidh sé Éire ná fuil amhras agam ná go gcuirfidh an dream annsan i bhfeidhm gach cuid aca a bheidh 'na gcumas. Thugas do Mhadgett iad le haistriú. Do chuas go dtí an Cléireach chun a innsint do go rabhas anois a malairt lóistín agus d'fhiafruigheas de an raibh aon nuacht aige dhom. Freagradh ní thug. Dubhart leis ná rabhas go dtí so ró phriacaileach ar thóir feasa ach mar sin féin, nuair a thiocfadh an t-am, go mba cheart gach uile ní a chur i n-úil dom. "Gan amhras," ar seisean. Dubhart, leis, maidir lem scéal féin, gnó nár thagruigheas cheana dho ar éigean, go raibh muinghin agus dóchas agam, an athchuinghe a luadhas uair cheana leis, go ndéanfaí fostadh orm im oifigeach i seirbhís na Frainnce, ná faghainn diúltamh ann. Dubhairt sé nár mhiste dhom bheith dóchasach 'na thaobh. Do luadhas arís an seanphort an phráinn a bhí le rudaí a bhrostú. Dob é a fhreagradh, go fáitheolach mar 'dheadh, dá dtugtaí fé'n ngnó ar aon chor go ndéanfaí laistigh de dhá bhliain é. Coileán drochmhúinte é, gan aon agó. Dar leis, is dóigh, gur sár-dhúnghaois an leamhas grinn seo, ach mise 'ghá innsint do gur breallach an fear stáit é. B'fhearr go mór é ag cur gothaí air féin ag Ránalach ná i *mBureau diplomatique*, mar gas taidhseach iseadh é.

Do luadhas Pichegru leis agus dubhart go ndéanfadh aon tseanbhean gnó Taidhleora san tSualainn mar a bhfuiltar 'ghá chur san agus gur fear mórthallann agus cáil mhileata d'oirfeadh d'ár ngnó-na. Dubhairt sé gur dheimhin leis ná tiubhradh Pichegru fé'n ngnó. Dubhart-sa nár dheimhin liom féin sin ; dá mb'fhonn leis glóire, agus gur dócha go mb'eadh, nárbh aon ghaisce coitchionnta Impireacht na Sacsan a réabadh agus a cómhacht a mhilleadh, agus poblacht nua, 4,500,000 daoine do chur ar bun san Eoraip. Dá

mba dhuine é go mb'fhonn leis a thairbhe féin nárbh aon bhaoghal, dá n-éirigheadh linn, ná go dtiubhradh Éire díolfiach thar mar bheadh coinne aige leis do féin agus do gach n-aon eile a dhéanfadh fónamh di d'á fuascailt. Breabhaid é sin a thugas fé thuairim an Chléirigh féin. Freagradh éigin éideimhnitheach a fuaireas nár chialluigh aon rud; agus mar sin d'éirigheas as an scéal agus ní tharraingeochad arís chuige é; ach tá cleas beag eile beartaithe agam do'n ghnó san a thiocfaidh chun críche, b'fhéidir, i gcionn laetheannta beaga.

Annsan thug sé fúm i dtaobh an fhorógraidh úd aige chun Chouanaireacht a chur ar siubhal i Sasana. Dubhart ná raibh aon ní déanta san scéal san agam agus d'á mba ceadaitheach dom mo thuairim a luadh déarfainn gur gnó gan chiall ná féadfaí a dhéanamh é; ná raibh an scéal i n-aon chor ag muinntir na tuaithe i Sasana i slí d'fhágfadh aon dóigh ann go ngeobhaidís le gnó d'á leithéid agus iomad fáth leis mar d'áirmhigheas do: b'fhéidir go ndéanfadh sé an bheart i nAlbain, ach ná rabhas deimhnitheach de, ach ní dhéanfadh, choidhche, i Sasana. Do lean sé ag tathant orm, ámh, an forógradh a scríobhadh. Thugas an freagradh air a thugas cheana, nárbh eol dom a bhfátha gearáin agus go mb'fhearr liom go mór ceann a scríobhadh i dtaobh na hÉireann mar gurbh eol dom í. D'iarr sé orm é sin, leis, a dhéanamh agus brostú leis. Do gheallas go ndéanfainn agus scaramar.

Is ait an duine é. An eol do go bhfuil fios gach scéil d'á bhfuil aige féin agam-sa ó'n Aire i dtaobh an ghnótha, agus má's eol, cad chuige an discréid ainspianta so aige? Is dócha gurab amhlaidh a chualaidh sé gur tréith riachtanach i bhfear stáit an discréid agus go bhfuil a chluiche d'á chleachtadh aige d'fhonn a thallanna dúnghaoise a chur i n-úil dómh-sa. Tá breall air go bhfios dómh-sa. Caithfead a rádh ná feadar ó thalamh an domhain cad é ciall go gceilfaí an gnó orm-sa, go mórmór nuair atá sé le clos agam ó'n Aire go díreach agus go haimhdhíreach, is truagh liom a rádh, ó n-a lán eile. 'Seadh bíodh an donas aige d'á ghleoite de dhuine é. Dar liom-sa, tá ar a luighead, oiread baint ag leas an ghnótha liom-sa agus atá leis-sin, agus b'fhéidir níos mó. Léan air! ní maith liom é.

Aibreán 23.—Bán! Is minic bán mo chuid iris le déannaighe, ach ní mise is cionntach leis.

Aibreán 24.—Do chuas go dtí Madgett chun go bhfaghainn na tuairimí thugas do le haistriú, uaidh. Deir sé ná fuilid aige. Do bheirim diabhail agus damaint! Ní foláir nó ní caillte táid aige.

Ba ghleoite an páipéar le foillsiú é siúd ar an uair seo i bParis agus nach fios dom nach míle spiaire le Sasana atá le 'chéile ann. Má tá caillte ní fios cad a thiocfaidh as, spior spear a dhéanamh de'n fheachtas ar fad, b'fhéidir. D'imigheas ó Mhadgett fé fheirg ba dheacair dom a cheilt.

Tráthnóna—tá na páipéar fachta aige. *Ah, je respire*—dá gcailleadh sé iad ní mhaithfinn choidhche dho. D'aistrigh an Súilleabhánach dom iad. Sinn ag dul amáireach chun an Aire. Buadh catha mar thosach maith ar an slógadh ag Franncaigh san Iodáil; ní tháinig pioc as na headarghnóthaí ag Wickham agus Barthelemi, agus is é gáir atá anois ann ná "*Guerre aux Anglais.*" Togha scéil é.

An *Théâtre de la République*. Ducis 'na *Mhacbeth*, níos fearr go mór ná 'na Othello. Talma sa chluiche sin 'na haisteoir thar barr. Mme Vestris 'na Lady Macbeth go rímhaith muna mbeadh go raibh Mrs. Siddons feicithe agam, agus is tláth gach banaisteoir annso 'na láthair sin. Cluiche grinn fónta ann fé Dhugazon 'na aonar i riocht cúig duine ar leith. *Tá de dheaghchruth ar an ngnó thuaidh ná glacfadh míshásamh mé le haon ní.*

Aibreán 25.—Do chuas i dteannta an Eichthighearnaigh go tigh an Aire agus thugas mo thuairimí scríobhtha do. Do léigh iad agus thaithnigheadar go mór leis. D'á dheascaibh sin do scrios sé amach an ráiméis ar fad mar gheall ar rí-aicme, ⁊rl., agus thug thar n-ais na hórdaithe do'n Eichthighearnach chun go ndeineadh macscríbhinn díobh, ach chongaibh sé mo thuairimí-se chun iad a thaispeáint do Charnot. Adeir sé liom go gcuirfar Ó hEichthigheirn chun siubhail i gcionn beagán laethe agus gur dóigh leis gur ceart go mbeifaí ullamh chun gluaiseacht ar an bhfeachtas um dheireadh Bealtaine.

Tá cainnt na Frainncise ag teacht dom mar bheadh ag *nabob*. B'iongnadh leis an Aire indiu mé le flúirse m'aithisc. Ar scaradh dhom le De La Croix (agus dála an scéil d'óbair do-san a ruagadh as an Rialtas, ach tá anois, dar liom, gan puinn baoghail air) do casadh an Súilleabhánach orm agus thug dom páipéar Sasanach 'na raibh scéal ar ionad ceathrún an airm i nÉirinn i mbliana. Bhí áthas orm a fhagháil. Ní fheicim scéala ach ar naoi ndíorma dragún agus dhá dhíorma de thrúpaí líneagair, fencibles nó militia an chuid eile. Beidh longphort 2,500 fear san tuaisceart agus 2,000 i n-aice Bhaile Átha Cliath; déanfaidh san agus lucht an gharrastúin 6,500 fear. Líon a slógh uile 30,000 fear fé mar cheapas, ach is deimhin liom ná fuil 20,000 infheadhma ortha. Níl

an t-amhras is lugha agam ná go n-éireochadh linn má ghabhaimíd i dtír le 10,000 Franncach.

Ag tagairt do Fhranncaigh. Dhá lá tar éis na buaidhe luadhas san iris indé, go dtugtar *l'affaire Montenotte* air, tugadh cath eile ag Millesimo i n-aghaidh slóighte Ostrach agus Sairdineach go dtugadar ruaig madhma ortha agus gur ghabhadar gach ní ionghabhtha, mar aon le Lieutenant-General amháin agus a fhios ag Dia cia mhéid oifigeach is meirgí, is cannón, is suaicheantaisí, is stóras, agus 8,500 fear ; buaidh réasúnta go leor ; is é an dara ceann é i gcaitheamh dhá lá. Éirighim go bráth arís as smachtoilteacht, tar éis an méid sin, ach *ar choingheall, i gcómhnaidhe*, go bhféadfam flosc díoghraise mar siúd a mhúscailt, rud dom dhóigh dob fhéidir a dhéanamh ameasc Éireannach. 'Sé is Taoiseach ar na Franncaigh ná Buonaparte ó'n gCoirsic. Do marbhuigheadh dá thaoiseach Franncacha ar tosach a slógh, agus do ling an tríú fear agus mór-sheisear Grenadóirí farais thar brághaid chosanta isteach ag na hOstraigh, ach fé mar dubhart go minic le P.P. " *is sinn go dearbhtha an dream is calma san Eoraip*." Ní cuimhin liom ainmneacha a lán de thaoisigh Shasanacha a thuit san gcogadh so *laistigh* ná, go dearbhtha, *lasmuich* de líne eagair a namhad. Níor marbhuigheadh ach duine ortha, an Mainséalach, agus Éireannach eisean. Cuirfidh an nuacht so meidhir iongantach fé Sheán Bhuidhe, go mórmór é theacht an tráth so agus é tar éis £7,500,000 d'iasacht eile d'fhagháil go ríchliste uaidh féin, d'fhonn prionsabail Franncacha do chur fé chois agus rialtaisí riartha na hEorpa do bhuanchosaint. Tá an rialtas riartha san tSardín ar chor fónta ó'n gcath deiridh sin. Tá ceannairc gan cheilt san oileán san. Tá na *Díchreidmhigh* anois i ngoireacht cúig léig déag de Thurin agus gan ach daingean amháin ar an mbóthar rómpa, agus farais sin gur geall le cait iad ag éalú isteach i ndúnta chugat. Á ! a Sheáin, is doimhin an buachaill tú. Dar fia ! táim fé mheidir chómh suairc is chífeá i siubhal lae samh-raidh.

Tá rud nár mhiste dhom a luadh annso, óir ba thábhachtach fós é, b'fhéidir : má marbhuightar aon taoisigh orainn-ne ag léimeadh isteach nó amach i dtrinnsí, caithfidh an Phoblacht i gcómhnaidhe tuitim le na gclainn. Ní heol dómh-sa aon ní, maidir lem thuairim féin de, is mó thabharfadh ar fhearaibh troid le dúthracht ná iad d'á thuigsint, dá dtuitidís féin i seirbhís an Phobail, go mbeadh a mná agus a gclann 'na gcúram buidheachais ar an náisiún. Taith-nigheann mo lóistín nua go maith liom agus go dearbhtha is maith

liom bheith scartha le hárus damanta san mo chreachta, *l'Hôtel des Étrangers* an Rue Vivienne. Ní mór gur fhág na ropairí fiú an louis féin agam. Ach, " *'Tis but in vain*," ⁊rl.

Aibreán 26.—Do scríobhas meamram gearr ar neart agus ar ionad lonnaithe an airm i nÉirinn mar is léir ó pháipéaraibh Shasana é, agus thugas do'n tSúilleabhánach é le haistriú. Is dóigh liom go bhfuil sé déanta go han-dheas agam agus ní mar sin d'á lán dem iarrachtaí. Tabharfad amáireach do'n Aire é. Do chuas do'n amharclainn um thráthnóna. Montansier .i. Mlle. Ferton, banaisteoir maith agus í go deas.

Aibreán 27.—Thug an Súilleabhánach mo mheamram chugam agus é aistrithe ar fheabhas. Do chuas ar a haon a chlog go tigh an Aire mar ar bhuail Ó hEichthigheirn liom. Adeir an tAire liom go bhfuil an Árdchómhairle ag gabháil do ghnó an-thábhachtach fé láthair ach i gcionn dhá lá nó trí go mbeidh siad scurtha, agus annsan go bhfaghaidh Ó hEichthigheirn a órdaithe deiridh agus go scaoilfar chun siubhail é. Dubhairt sé, leis, liom go raibh cúrsaí tar éis a socraithe agus nithe tar éis a gcur le chéile ar chuma go mbeadh gach ní ullamh i gcionn míosa. Tá san uile ar fheabhas ach tá dearbhaithe agam ná creidfead choidhche é nó go bhfeicead. Is é ní a bheir tábhacht do na nótaí seo ('sé sin le rádh, dom féin agus dom mhúirnín mná) ná gur tuairisc mhacánta atá ionnta ar a ngluaisigheann trém aigne, ar gach dóchas agus mídhóchas, ar gach deimhne agus éideimhne dá mbíonn ann i dtaobh an ghnótha thábhachtaigh seo.

Dubhairt an tAire, fós, go gcuirfeadh cóib d'á dhéanamh láithreach dem thuairimí-se is go dtiubharthaí do Charnot iad, agus tuigim as san, nó ceapaim, pé scéal é, go bhfuil an gnó go léir ar a lámhaibh siúd, agus is cúis áthais liom san mar gurab é duine é gurbh fhonn liom ó thosach greim d'fhagháil air. Dála an scéil, ní mór dom an timthire réamhráidhte 'fheicsint go luath, sé sin i gcionn a trí nó a ceathair de laethe, mar go bhfuil iarracht bheag pholaitidheachta beartaithe agam a dhéanamh. ('Sé an chéad iarracht agam é) agus chífeam conus éireochaidh leis. Cuirfead le gliocas rud nó dhó 'na chluasa. Is áil liom, leis, é bhraith i dtaobh Phichegru. Ós *shallow Pomona* é chítar dom go sáróchad é.

Tá cúntas i bpáipéar an lae seo go bhfuil an tríú buaidh beirthe ag an arm san Iodáil. Do réir deallraimh bhíodar ró bhaoth-dhóchasach an dá thuras cheana agus mheall san Beaulieu, an taoiseach Ostrach, d'aindeoin a bhuailte fé dhó, chun ionnsuidhe arís le

gléire a shluagh, go dtáinig gan coinne ar sciathán deas na bhFranncach, agus ní gan móiriarracht díchill a sháruigh an chuid eile de'n arm é, ach go ndearnadar go feilimeanta fé dheoidh é, agus níor fhág sé de phríosúnaigh aca ach 2,500. Ní foláir nó chaill na Franncaigh cuid mhaith. Do thuit ceathrar taoiseach ins na trí catha agus goineadh triúr go danardha; díreach ar chuma na dtaoiseach Sasanach i bhFlondrais, fé mar dubhart cheana le móirchlisteacht agus le géire. Fiú a thaidhreamh 'na aigne dho na Franncaigh d'ionnsuidhe arís tar éis a bhuailte féin fé dhó, is díol onóra do thallanna Bheaulieu é, agus muna mbeadh curantacht na slógh bhFranncach is ródhócha go n-éireochadh leis. Fé mar bhí is le duadh mór do sáruigheadh é, bhí an cath ar siubhal ó éirghe lae go dtí n-a trí um iarnóin.

Do chuas tráthnóna go dtí an Théâtre Feydeau. 'Siad súd Drury Lane Pharis. Aisteoir thar barr Molé; níl oidhre ar King, dar liom, ach é 'na mheon, 'na aois, 'na ghuth, 'na chruth agus 'na chuid tallann. Is ríthaithneamhach an bhean í Mademoiselle Contat. Is í Miss Farren an Rue Feydeau í, agus banaisteoir de'n cháilidheacht chéadna ar gach cuma. Tá dachad bliain aoise aici agus níor dhóigh leat go dearbh uirthi go mbeadh sí a cúig fichead. Do bhí sí 'na leannán ag uaisle úd uile na Frainnce tráth agus níl ródhílse aici do'n Phoblacht; ach airighim go mbíonn sí anois fara Legendre, an teachta, do bhí tráth, agus atá fós, chómh fada lem eolas-sa, 'na bhúistéir i bParis. Admhuighim go bhfuil an méid sin de'n arstocratacht ionnam nach áil liom an scéal san. Is náireach an scéal é, ach is baoghal gur fíor, go bhfuil cuid mhaith teachtaí ann ag breith buntáiste ar scáth na céime atá aca, chun seilbh d'fhagháil ar mhnáibh áille a fhulaingeann a bpóga súd thar ceann a gcomairce. Má's fíor é, is déistineach. Ní háil liom an Phoblacht ag pimpireacht do Legendre. Ach is lugha go mór a chuireann an mhuinntir annso suim ins na cúrsaí sin ná chuirim-se, óir, i gcúrsaí an scéil sin, tá agam-sa tuairimí míochuibheasacha, b'fhéidir, i dtaobh geanmnaidheachta agus soibhéas, agus is truaillithe thar fóir na béasa cleachtuighthar annso leo, do réir gach scéil. Dómh-sa, máiseadh, mná mo dhúthaighe féin, thar aoinne, siúd iad an mianach fónta chun banchéile agus máithreacha. Dá mba leannán a bheadh uaim raghainn go Paris nó Lonndain. Comairce an Legendrigh! Ní háil liom aon chomairce ach an dlí; tá cách 'na comraighe sin. Braithim m'fhearg d'á mhúscailt leis an scéal so. Éireochad aisti, máiseadh. B'fhéidir gur éad atá agam leis an

Legendreach. Dia go deo linn! Éad, dar deimhin! Slán a chómhartha! 'Seadh, tá codladh anois orm agus raghad do'n leabaidh, agus deineadh Mademoiselle Contat an dála céadna, má's áil léi.

Aibreán 28, 29.—Bán geal! Nach docht san; ach cad tá le déanamh agam. Níor imigh nóimeat le failllighe uaim ó thána i bParis; 'seadh, sin adhbhar sóláis, pé scéal é. Deir Madgett liom go bhfuil an tsíothcháin ar barraoid a shnaidhmeadh le Rí na Sairdíne agus go bhfuil na buadha catha so rugadh le déannaighe 'na leith-scéal cóir aige chun an bhuidhean úd a thréigean, fé mar dhein Rí na Spáinne. Deir sé liom go bhfuil éirghe amach beartaithe i bPiedmont agus san tSairdín, ar shlí gur maith an dóigh go raghaidh an *Roi* bocht *des marmottes* chun bheith ag déanamh cuideachtan do'n Stadtholder. Is cáidh an t-agallamh a thárlóchaidh eatartha le linn teagmhála dhóibh! Is dóigh go dtiocfaidh suipéar úd an tseisir rí (an seisear é?) le Voltaire, i gcrích. Ach'sé is brón liom gur ar réabhlóidí i bPiedmont agus san tSardín atáim ag scríobhadh i n-ionad—'Seadh! *"'Tis but in vain,"* ⁊rl.

Aibreán 30.—Cuaird eile ar an gCléireach. Is dona an diúlach é agus táim bréan de. An seanagallamh de shíor-ghnáth eadrainn. "Seadh, a Thaoisigh, táim tagaithe fé thuairim eolais éigin a bheith agat dom." "Níl focal." "'Seadh nuair bheidh aon ní ar siubhal táim ag brath ort chun a innste dhom." Cuirtar focal nó dhó de ghnáthchainnt phláis leis sin agus bogaim-se liom uaidh agus mé ar bheageolas. Ní foláir dom a rádh ná tuigim cad chuige do'n Taoiseach Ó Cléirigh bheith ag ceilt gach eolais orm-sa. Agus cheana, ní mó ná lághach a bhí sé indiu mar is i seomra beag an dóirseora a labhair sé liom *en passant*, mar go raibh, adubhairt sé, deifir air. Dá mbeadh oiread eile deabhaidh air d'fhéadfadh sé labhairt liom-sa 'na chaibinéid féin istigh. Ní leigfead-sa i ndearmad é, mise 'ghá rádh leis. Do bhíos-sa i bhfeadhmannas uair ba chómh-ghradamach le n-a chéim sin, agus b'fhéidir go mbeinn arís fós ar chéim níos aoirde ná san, agus má bhím, caithfead gan gothaí dála an Chléirigh, Taoiseach, a chur orm féin. An coileáinín, tá fearg diail orm. Rud amháin a dhéanfad, ámh, ó thugas, ar foláireamh Charnot, gach teagasc d'á raibh ar m'eolas do, agus ná tugann súd faic na frighde dhómh-sa 'na aiseag ach, a chonntrácht san, é de dheallramh am sheachaint d'á dheoin, ní raghad-sa arís 'na ghoire; raghad go faitcheach agus éileochad cead cainnte le Carnot féin agus chífead cad a thiocfaidh as. Nach dona so! agus

ní duairce *mochat coillte nó beithir díchluasta* ná mé, agus gan mo leigheas féin im chumas.

Bealtaine 1.—Bán ! Ag machtnamh ar an agallamh san le Carnot. Dar m'fhírinne, táim dóthanach de'n tsaoghal.

Bealtaine 2.—Do chuas go dtí an Luxembourg agus chonnac Rewbell ag tabhairt éisteachta agus é 'na chulaith éide. Do scríobhas nóta d'á iarraidh mé leigean chuig Carnot agus leigeadh isteach mé. Ba chuimhin leis go maith mé. Do thosnuigheas, sruthlabhartha go leor, agus d'innseas do, do réir mar d'órduigh sé féin dom, go rabhas tar éis dul go minic ag triall ar an Taoiseach Ó Cléirigh, agus gach eolas d'á raibh agam a thabhairt do tré chainnt agus ar mheamraim agus ar pháipéir eile. Dubhairt sé gurbh eol do é. Dubhart annsan, de bhrí go raibh an Cléireach 'na oifigeach, gur sheachnuigheas bheith ag tathant air aon eolas a thabhairt dom thar n-ais ; ach fé láthair, nuair a bhí fios fachta go díreach ó'n Aire agam, agus ó dhaoine thall agus i bhfus go neimhdhíreach, go raibh an t-ullmhúchán go maith chun cinn i gcómhair an fheachtais, go raibh súil agam nuair a chuimhneochadh sé ar an dícheall a bhí déanta agam, na baoghail gur ghabhas tríotha agus go dtána slán uatha, d'iarraidh tuairisc ar aiste na hÉireann a chur fé bhrághaid Rialtas na Frainnce, agus a chur leis sin an chéim ghradama a bhí tráth agam im thír féin—go raibh súil agam ná ceapfadh sé go rabhas ag éileamh an iomad le mé bheith 'ghá iarraidh air fios scéil a thabhairt dom, do réir mar cheapfadh sé féin ba cheart, ar conus mar bhí gnó an fheachtais, má bhítheas chun dul chun cinn leis. Dubhairt sé nárbh aon iarraidh mhíréasúnta agam é ach go mba ghábhadh, sula ndeintaí beartú ar an socrú deiridh a dhéanamh i dtaobh aon ghnótha, go mbeadh eolas cruinn ag Rialtas na Frainnce i dtaobh cúrsaí i nÉirinn, agus chuige sin go gcaithfaí duine a chur ann chun gach ní a bhreithniú agus chun tuarasgabháil a thabhairt do réir mar bhí : óir, má bhí na daoine ann báidhiúil le Poblacht na Frainnce go ndéanfaí iarracht, ach muna rabhadar nár mhór sluagh mór chun an tír a ghabháil.

Ba mhearbhallach an buille é sin dómh-sa nuair a chonnac mé féin chómh mór chun deiridh anois i gceann an ráithe agus bhíos lá mo chéad agallaimh. Do chuimhnigheas orm féin, ámh, agus dubhart dar ndóigh go raibh an ceart ag Rialtas na Frainnce bheith ag iarraidh gach eolas dob fhéidir a fhagháil i dtaobh dearbhaiste na tíre ach le n-a chead go n-abróchainn gur beag na daoine is fearr a bhí i n-inimhe an eolais sin a thabhairt dóibh, ó'n gcomhthrom a bhí

aca, ná mé féin, abhfad ní b'fhearr ná aon stróinséir a chuirfidís ann ná déanfadh ach díreach sleamhnú isteach innti ar feadh nóimite agus filleadh arís, dá mbeadh sé d'ádh leis éalódh slán ; maidir le gach ní dá ndubhart-sa go bhfaghadh sé a gcruthú uile i nIrisí nuachta Shasana ; ach, mar sin féin, má bhí díchreideamh aige im thuairisc-se nó má cheap go dtáinig athrú ar chúrsaí ó fhágas-sa Éire, agus má thuig, d'á bhrí sin, gur ghábhadh duine rúineolach a chur go hÉirinn, d'iarras air a chuimhneamh nár thráth moille é agus nár chóir leadrán nóimite a dhéanamh. Dubhairt sé gur thuig ná féadfainn féin dul. Do fhreagruigheas go raibh breis de'n aithne orm-sa san tír sin chun go mbeinn ann ceithre huaire fichead gan mé d'aimsiú agus do ghabháil, agus d'á dheascaibh sin gur mé an té ba neamhoiriúnaighe ar bith, agus do ghabhas an chaoi sin chun a rádh, má bhítheas chun dul chun cinn leis an bhfeachtas, go raibh súil agam go leigfaí dhom bheith páirteach san ngnó mé féin. Dubhairt sé san gcás san gan amhras go mbainfeadh Rialtas na Frainnce áis as an gcródhacht agus na tallanna bhí ionnam (*profiter de votre courage et de vos talents*). Ach mar sin féin, ní dubhairt sé ciaca ghluaiseochaí ar an bhfeachtas nó ná déanfaí cé gurbh é sin an dara piac a thugas fé i dtaobh an scéil sin. Nuair ba léir dom ná tiubhradh sé aon fhios cruinn dom dubhart go raibh ní ann agus, le linn bheith ag gluaiseacht as Éirinn dom, go bhfuaireas órdaithe chómh diongbhálta san 'na thaobh gur thuigeas go raibh ceangal orm é chur i n-úil do agus gurbh é é ná i dtaobh an Taoisigh a ceapfaí 'na cheannurraidh ; gurbh é ár mian go mb'é Pichegru a ceapfaí ; dá bhfanadh sé 'na cheann ar arm an Rhéin go mb'fhéidir ná luadhfainn ar aon chor é ach ó'n uair ná fuil sé fé láthair ar fostadh i n-aon chúram mileata go raibh súil agam nárbh aon mhíréir dom é a iarraidh air-sin (Carnot) cuimhneamh ar Phichegru i gcómhair an cheannais sin, cuir i gcás, arís, go ngluaiseochaí ar an bhfeachtas.

Do fhreagair Carnot agus dubhairt gan amhras gur oifigeach sárthallan Pichegru, ach san am gcéadna go raibh a lán taoiseach nár lúgha éifeacht ná é (*aussi forts que lui*). Dubhart-sa gurbh fhios dom go raibh an Phoblacht tuillte lán d'oifigeacha bhí thar barr, ach im thír-se, go raibh gradam chómh mór san do cháil Phichegru go rabhas 'ghá áireamh gurbh ionann agus arm 20,000 fear é, maidir leis an toradh thiocfadh ar aigne an dá dhream i nÉirinn de dheascaibh é cheapadh. Do fhreagair sé go ndéanfadh sé an rud a bhí ráidhte agam i dtaobh an scéil a bhreithniú go maith agus, ar aon chuma, go

ndearna an ceart agus trácht ar Phichegru chun é chur ar uig agus ar aire na hÁrdchómhairle.

Dubhart annsan, maidir le Pichegru féin, gur mheasas-sa dá gceaptaí é go mba chéim breise é do'n chlú oirdhearc do bhí cheana aige, má bhí fonn air cáil a ghnóthú nárbh aon éacht choitchionnta cabhair a thabhairt chun saorphoblacht 4,500,000 daoine a chur ar bun ; agus má bhí imnidhe a mhaitheasa féin air, rud nár dhóigh liom, nár mhiste dho bheith cinnte dhe go mbeadh buidheachas mo thíre-se ag dul do go lánfhial, agus do gach duine eile mar an gcéadna a bheadh páirteach i saothrú na saoirse dhí.

Díreach le n-a linn sin do ghaibh an Cléireach, Taoiseach, isteach agus ní fhéadfainn a rádh gur thaidhsigh sé dhom gur chuir an *rencontre* sin aon áthas mór air. Do cheileabhras do Charnot agus chuas anonn chun labhartha leis. D'innseas do éirim an chómhrádha san mar atá scríobhtha thuas, agus nuair a luadhas Pichegru, ar seisean "*Pichegru. Ó ! ní ghlacfaidh súd leis.*" Dubhart-sa gur thruagh liom é. D'fhiafruigh sé annsan díom an raibh an ghairm-scoile críochnaithe agam do i gcómhair *Chouanaireacht* i Sasana. Dubhart leis ná raibh im chumas é dhéanamh ach go gcríoch-nóchainn an ceann i gcómhair na hÉireann a bhí tosnaithe agam, go raibh fios a ngearánta san agam, agus eolas ar a gcúrsa cois baile ; ach i bpáirt an dá ní sin, maidir le Sasana, go rabhas aineolach ar fad. D'iarr sé orm annsan an ceann san a chríochnú agus é bhreith chuige gan mhoill. Dubhart go ndéanfainn i gcionn a ceathair nó a cúig de laethe, agus cheileabhras do.

'Seadh, "*I have got much by my intended expostulation,*" mar adeir Sir Peter Teazle. An chéad ní dhe, táim gan aon eolas an bhfuiltar chun tabhairt fé'n bhfeachtas nó ná fuiltar, chuireas ceist fé dhó ar Charnot, ach freagradh níor bhaineas as. 'Sé cheapaim-se ná fuil oiread agus beart amháin déanta fós san ngnó agus gurab amhlaidh ná bacfar leis an bhfeachtas ar aon chor. Nach cuma cad deir an tAire, tá sé ar barraoid a chaithte amach aon lá, agus ar an am so tá 'na chogadh dhearg idir an Árdchómhairle agus é féin. Ba mhaith leo é d'imeacht uaidh féin, agus ní imeochaidh, ach adeir ná fuil a bhac ortha é dhíbirt má's áil leo (dála an scéil tá an Árd-chómhairle ró thugtha do mhalartú Airí, agus gur léir uaidh sin droichbhreithiúntas ionnta le linn a dtoghtha, nó neimhsheasamh-acht do'n toghadh dheinid). Ní cosúil, dar ndóigh, go raghaidís ar an am so ar iontaoibh leis le haon rúnchómhairle. Níl agam-sa, mar sin, ach gach ní d'á n-abrann sé sin nó Madgett 'na dhiaidh, a

mheas 'na chainnt gan aon údarás, agus má's mar sin do'n scéal, sin fuacht go smior san dóchas againn-ne. Ní mór nach deimhin liom ná fuil oiread agus líne dem chuid meamram léighte ag Carnot ach gur ghlac le tuarasgabháil an Chléirigh ortha, agus a fhios do Dhia amháin cad é tuarasgabháil a thug súd. Ní fhéadaim a chur as mo cheann go bhfuil an diúlach úd ag fealladh ar an gcúis nó, ar a luighead, go bhfuil a dhícheall mór d'á dhéanamh aige d'á bhacadh agus d'á chosc; agus cad tá im chumas-sa a dhéanamh chun a sháraithe? Níl pioc! Is dian san; is baoghal ná beidh ann ar deireadh ach teip tar éis an díchill agus an duaidh agus an dóchais go léir agam. 'Seadh, má bhíonn amhlaidh, tá súil agam go bhféadfad fulang leis. Ach is dochraideach é.

Tá m'aigne anois ag rith ar mo mhuirghin is ar mo thigh beag arís. Is dóigh gurab é atá i ndán ná mé féin agus iad féin a bheith ar neamháird i motharaibh iargcúlda America feasta. Mo chréatúirí bochta garsún; ba bheag ná go raibh dóchas agam go bhféadfainn iad a shaoradh ó'n neamháird sin; agus thar gach ní, ionad mar ba chuibhe dhóibh a chur i n-áirithe dhom mhnaoi chéile agus d'ár Maria dhil féin. Caithfead géilleadh; ní dem chionnta-sa é, pé scéal é; ní mheasaim gur fhágas aon ní gan déanamh, ná gan triail, ná gan dul 'na sheans. Má's í an choill m'ionad feasta caithfead P.P. d'fhagháil agus a mhealladh amach liom, nó, neachtar aca, bead san ró-uaigneas. B'fhéidir go bhfuil Mr. Wm. Browne san mbaile rómham; san mbaile! agus an é siúd bhus baile dhúinn tar éis na mbeart? 'Seadh, má's éigean, bhus éigean é. Ó'n lá so amach luigheadóchad ar an mbeagán dóchais a bhí ag teacht dom. Inneosaidh mí eile cad tá i ndán dúinn, agus má's 'nár gcoinnibh a raghaidh, raghad i muinghin Rialtais na Frainnce chun cirt agus cóir fial d'fhagháil im chás féin ar leithileith. Má thugaid díolfiach dom, beidh go maith, muna ndeinid, ní bheidh agam ach géilleadh, agus filleadh go dtí America ar an luing is túisce gheobhad. Beidh agam, pé scéal é, suaimhneas agus sógh fara mo líntighe, go mórmór má bheirim ar Ph.P. agus ar Mhr. William Browne. Fanfad go bhfeicead cad a dhéanfaid leis an Eichthighearnach. Má chuirid ar siubhal go luath é, b'fhéidir go dtiocfadh anam san scéal arís. Má mhoillighid siad é, nó má's duine de rogha an Chléirigh a chuirfid uatha, tuigfead an scéal a bheith thar fóir, agus déanfad gníomh d'á réir.

Bealtaine 3–7.—Cá tairbhe dhómh-sa irisí cinnlae a cheapadh agus gan ní le rádh agam. Ní chuireann an Árdchómhairle obair

ar bith orm, agus níl an misneach agam chun stair fónta áiféise a chur síos, agus táim tuirseach de bheith ag rádh bán! bán! Do scríobhas indiu leitir chleasach ag triall ar an gCléireach, d'fhéachaint an meallfainn é ar scáth a mhaitheasa féin. Is d'á dhualgas, leis, é. Is danardha an obair í seo, ach cad fhéadfad a dhéanamh? *Il faut hurler avec les loups.* Do gheallas £10,000 san mbliain ar feadh a shaoghail do má éirigheann linn, agus mo mhuinghin as an náisiún go gcóimhlíonfar mo chonnradh leis.

Bealtaine 9.—Do chonnac an Cléireach; dubhairt sé liom má fhág sé gan eolas mé gur tré neimhchead do féin é; nár bhaoghal ná go bhfaghainn gan teip é a luaithe bheadh gábhadh le n-a innsint dom; agus do dheimhnigh dom, *dá dtugtaí fé'n bhfeachtas*, go mbeadh gach ní chómh mór chun mo thola agam agus ba mhaith liom féin. Tá san lághach go leor, ámh, ach mar sin féin ní hé atá uaim. Dubhart, mar ba ghnáthach, ná rabhas 'ghá thafan agus go bhfanfainn go humhal le toil na hÁrdchómhairle. D'fhiafruigheas annsan de ar léigh mo leitir. Dubhairt sé gur léigh, ach maidir le cuimhneamh ar dhuais, gur i seirbhís na Frainnce bhí sé agus nár bheithte dho díolfiach d'iarraidh ach uirthi sin. B'é mo fhreagradh-sa air, ar ndóigh, gur do'n Fhrainnc ba chóir duais a thabhairt do, ach nárbh aon bhac ar Éirinn é sin chun a buidheachas féin a chur i n-úil; agus nár mhiste dho a dheimhne a bheith aige, aon duine san bhFrainnc a bheadh páirteach i soláthar na saoirse dhí, ná fágfaí gan duais é tar éis an chogaidh. Do fhreagair sé "Ná beadh sé de ghustal againn, ná raibh aon airgead againn; agus, farais sin, nár ró-iontaoibh a bhí aige as tréithe buidheachais náisiún." Dubhart-sa, maidir leis sin, gurbh fhíor go rabhamar ar bheagán nó ar dhíth aon airgid, ach go raibh maoin eile go flúirseach againn, agus, maidir le buidheachas ó náisiúin, ná raibh oiread lagmheasa agam-sa air agus a thaidhsigh a bheith aige-sin; gur shompla maith America ar a chontrárthacht, mar ar tugadh luach saothair do gach saighdiúir agus oifigeach tar éis a saoirse a bhaint amach, mar ar bronnadh ar Lafayette triocha míle acra de thalamh agus go raibh sé i dtaoibh leis sin mar mhaoin shaoghalta ar láthair na huaire, agus go raibh súil agam nárbh fhearr na hAmericánaigh ná sinn-ne i ndálaibh buidheachais.

Do stadas annsan agus thosnuigheamar ag trácht ar Éirinn. Dubhart leis go bhfeaca na cómhairlí teagaisc agus go raibh dhá rud go mba mhaith liom eolas a thabhairt do 'na dtaobh, mar atá, cómhacht na cléire, agus ceist an ríochais, agus dheimhnigheas

nárbh adbhar imnidhe ceachtar aca, agus tharraingigheas chugam a lán argóintí ná cuirfead síos annso ortha, de bhrí go bhfuil tagairt cheana agam dóibh ins na meamraim seo. Ní fheadar ar chuireas i bhfeidhm air é nó nár chuireas, ach níor leanadh de'n chainnt a thuille. D'fhiafruigh sé dhíom ar chríochnuigheas an ghairmscoile. Dubhart nár chríochnuigheas ach go mbéarfainn chuige é i gcionn cúpla lá nó trí, ar a dhéannaighe. D'imigheas liom annsan.

Tar éis an tsaoghail ní fada chun cinn a bheir cómhráidhtí an lae seo mé, ach gur mó bhíos sásta leis an gCléireach ná mar bhíos le fada, agus ná feadar cad fáth é. An meamram a scríobhas ar ionad na dtrúpaí i nÉirinn, tá sé aige. Do chonnac, leis, ameasc a chuid páipéar i dtaobh an fheachtais, ceann go raibh scríobhtha ar a imeall ainmneacha cuid mhaith bailte san Hollainn agus i bhFlondrais na nDuitseach. Cad tá d'á thuar san méid sin. Ní fheadfainn-se dul amach air, agus seo liom, mar sin, do chríochnú mo ghairmscoile. Níor fhéachas air ó'n 27adh lá d'Aibreán. Chítar dom go rabhas ar seachrán eolais, agus, mar sin, tosnóchad ar sheift nua: *Courage mon ami! Allons.*

Bealtaine 10.—Tá órdaithe fachta ag Madgett deichniúr nó dáréag de phríosúnaigh deighmheabhracha d'fhagháil atá le cur go Sasana. Go Sasana thar áiteanna an domhain! Cad é an bhrí atá leis sin. Deir sé liom go raghthar ar feachtas annsúd, leis, le linn dul, go hÉirinn, d'fhonn obair a thabhairt do Sheán Bhuidhe san mbaile chun ná beadh cúrsaí na hÉireann ag déanamh meascán mearaidhe go ró mhór d'á cheann bocht. Adeir sé liom, leis, gurab é Hoche atá le bheith i gceannas i Sasana. Má's mar sin atá ní scéal mar mhagadh é; ach tá Madgett chómh tugtha san do dheimhin a dhéanamh d'á dhóigh ná feadar cad is fearr a cheapadh. Déarfad go fóill, i n-aithris ar an nGazette, "ní mór do'n scéal so a thuille deimhnithe d'fhagháil air." Mé ag obair ar mo ghairmscoile.

Bealtaine 11.—Ag obair ar saothar ar mo ghairmscoíle. Is fearr liom anois é ná ar mo chéad iarracht. Tá Madgett imithe ag cuardach d'á chuid dailtíní, agus órdú aige iad a chur ag triall air Hoche an túisce bheid fachta aige. Níl deallramh scéil magaidh air seo, ach is mall fós mé d'á chreidiúint. Tá an Árdchómhairle indiu tar éis iomcháineadh poiblidhe a dhéanamh ar chóimhcheilg mhóir a bhí ar siubhal chun éirleach a dhéanamh ortha féin is ar na dreama reachtúcháin is ar an État Major i bParis, agus chun buinreacht 1793 d'fhógairt arís. Tá breis is dachad duine gabhtha, agus Drouet 'na fhear tosaigh ortha, an té a stop an Rí ag Varennes

san mbliain 1792, agus a chaith trí bliana i gcarcair san Ostair, agus ná fuil thar leathbhliain ó fhill sé as. Tá truagh agam do mar is poblachtaidhe dílis é, measaim ; ach ar an am gcéadna níor dhíol trócaire agam aoinne, pé fónamh a dhein sé cheana, a thabharfadh fé Rialtas na Frainnce anois a leagadh, agus an treo 'na bhfuil an tír fé láthair. Dá dtagadh an chóimhcheilg chun críche is deas a bheadh ár ngnó-na. Is dóigh liom im chroidhe istigh go bhfuil ag na Franncaigh, ar láthair na huaire, cóir mhaith Rialtais, saghas gur fiach do gach fear le prionsabal é chothú. D'fhéadfadh sé bheith ní b'fhearr, b'fhéidir, ach níorbh fhiú dul i bhfiúntar le réabhlóid fhuiltigh eile thar ceann an tairbhe thiocfadh de bharr aon athraithe. Tá muinntir na cathrach buartha so ar an aigne céadna, de dheallramh. Do réir mar chítear dómh-sa, ní cheapaim go mb'fhurus, nó go mb'fhéidir, féin, fé láthair, aon éirghe amach tábhachtach a mhúscailt i bParis. Tá neart san Rialtas, is beag é uimhir na ndíbhfeirgeach agus tá éirim an phobail ar shuaimhneas, má's féidir. Im charaid do'n Fhrainnc agus d'Éirinn dom, agus im bhiothnamhaid do Shasana, is adhbhar áthais dom é sin mar nach réabhlóididhe ainspianta ar fad mé dála daoine annso go mbím ag cainnt leo. Im Éireannach dom, ní fhéadaim gan bheith áthasach fá nochtadh na cóimhcheilge úd. Dá n-éirigheadh leis cad d'imeochadh orainn-ne ? Dála an scéil, ceapadh dlí indiu d'á fhógairt, fara nithe eile, ar eachtrannaigh cur díobh as Paris fé chionn trí lá. Caithfead scéal a chur chun an Aire d'fhéachaint cad déarfaidh seisean leis an scéal san.

Bealtaine 12.—Do chríochnuigheas mo mheamram agus thugas don Chléireach é. Mo ghairmscoile ba chóir a rádh. Tá faid ró mhór ann ach giorruigheadh Carnot é mar is maith leis. Do chuas chun an Aire d'iarraidh ceada fanúint i bParis *malgré la loi.* An tAire gnóthach ; agus mar sin scríobhas nóta gearr chuige, i bhFrainncis néata, agus d'fhágas 'na chómhair é.

Ag an taispeántas dom tráthnóna mar ba ghnáth. Lucht coméide na Frainnce go mór níos fearr ná na Sasanaigh. I n-amharclanna beaga na mBoulevard féin deinid aisteoireacht sármhaith, agus deinid cúram de'n éide nach léir choidhche i Sasana. Tá na hamharclanna uile go deas, leis, agus roinnt aca go hálainn. Is do'n opera, ámh, a bheirim féin rogha. Is aoibhinn an radharc é agus ní théighim choidhche ann ná braithim uaim mo ghrádh bán. Ach tá gach rud chómh héideimhnitheach san annso go ndeinim dícheall gan aon ní a mhianadh. Níl ionnam ach maidrín

—maidrín—agus níl a mhalairt de shaoghal annso agam, im ghiolla freastail síorraidhe agus m'aigne buan fé bhuaireamh. Táim tar éis gach ádhbhacht gnáith a thréigean, pé cúis é. Och! Och! "*Man delights not me, nor woman neither.*" Cad a dhéanfad. Níl nuacht i bParis feasta dhom, imnidhe ár ngnóthaí féin ag méadú orm agus ná faghaim tuairisc ar bith ba shásamh. Cuireann an diabhal im cheann uaireannta gur cuma mé nó Hannibal i gcúirt Phrusias, ag sireadh cabhrach air chun go bhféadadh Carthage cath a chur ar Rómhánaigh. Tá cosúlacht de shaghas idir an dá scéal, ach so, nach mise Hannibal, ná an Cléireach ní hé Prusias é. 'Seadh, is breágh í an pholaitidheacht, *mais c'est quand on en est revenu.*

Dar deimhin b'fhearr liom go mbeadh ár réabhlóid i gcrích agus mé fé shuaimhneas ameasc mo líntighe arís, agus ní hiongnadh san mar is dil lem chroidhe iad, agus mé annso im bhanbh gan chró, agus gach ní am chiapadh. Ach d'aindeoin gach ní is maith liom na Franncaigh ; is lághach na fir, agus is draoidheachtúil iad na mná, agus dá mbeadh m'aigne ar a suaimhneas, rud ná fuil, chuirfinn díom go maith annso tamall eile, ach fé mar atá—'seadh, níl leigheas air agus cá tairbhe an ceisneamh. Scríobhaim áiféis, ach ní fhéadaim áiféis ar fónamh a scríobhadh nuair ná bím fé mheanmain, agus ní bhíonn aon mheanma choidhche anois orm. Rug na Franncaigh ban an barr go fairsing ó mhná Shasana. Is fearr déanamh iad, agus nára slán comórtas, gach n-aon riamh aca. Is álainn snódh na mban Sasanach, ach, maidir le fíoghar agus faision, níl breith ar na Franncaigh aca ; agus, thairis sin, an ghluaiseacht mhódhmharach a bhíonn fútha, agus a dteanga dúthchais chómh deighdhéanta chun cómhráidh go samhlóchá deisbhéalaighe ionnta go léir. Maidir le na ngeanmnaidheacht, 'seadh, a ndubhairt siúd "*a nice morality, split my wind-pipe.*" San gcúinse sin do bhuaidh Paris go fairsing ar Lonndain, agus is mór an focal é sin, tar éis a bhfeaca-sa i Lonndain. 'Seadh, dómh-sa Éire, tar éis gach ní, chun adhbhar deaghbhan agus máithreacha leanbh. Má's áil leat "*casual fruition,*" bain Lonndain amach nó, fós, b'fhearr Paris ; ach má's rogha leat an sonas "toghaibh céile ar t'aithne féin" cois baile. Dá mhéid a chím de'n tsaoghal mór 'seadh is mó is annsa liom an chomaoin thar cúntas atá orm, maidir le grádh mo mhná, a hionnraice, a misneach, a deaghchroidhe, a miochaire agus, farais sin, a deiseacht, rud nach lugha de a luaidheacht, dar liom-sa. Cad tá sí a dhéanamh i láthair na huaire seo, agus cad é ná tiubhrainn ach bheith faraethe féin agus na *fanfans* go ceann leathuaire?

Bealtaine 13.—Thugas turas ar an Aire i dtaobh na dlí sin ag fógairt ar eachtrannaigh cur díobh fé chionn trí lá as Paris. An tAire go lághach ; dubhairt liom gan buairt a bheith orm, ná raibh agam ach scéal a chur cruinn díreach chuige féin nó chuig Carnot dá gcuireadh na póilíní isteach orm. Déanfaidh san an gnó go fóill. Dinnéar i dteannta Mhadgett ar na Champs Elysées, agus luigheas le hól.

Bealtaine 14.—Do scríobhas chun an Chléirigh, d'á iarraidh air órdú scríobhtha, ar eagla na heagla, d'fhagháil ó Charnot 'ghá cheadú dhom fuireach. Tá Paris ag dul i ndúire i n-aghaidh an lae maidir liom-sa, agus tá an fionnraighe gránna, agus an mhoill seo, am mharbhú. Is mór an dul chun deiridh atá ar mo chuid dialann, ach ní mise is cúis leis.

Bealtaine 15.—Do chuas chun tighe na hÁrdchómhairle agus labhras le Carnot. D'iarr súd orm scríbhinn a bhreith chuige amáireach ag lorg cead fanúna. Casadh Ó hEichthigheirn orm ; níl aon ní déanta 'na ghnó súd. Is olc san.

Bealtaine 16.—Do chuireas mo scríbhinn isteach ag an Luxembourg agus dubharthas liom an cead d'iarraidh ag Árdoifig na Rúnaidheachta. Thugas an tráthnóna ag liairneáil san Théâtre D'Emulation, ceann de mhionamharclanna na mBoulevard. Luan Cásca é, agus lá féile, agus bhí an tigh lán de'n *bhonne bourgeoisie*, fé éadach shuaithinseach agus iad fé mheidhir agus fé shonas thar barr. Do baineadh preab áthais asam nuair ba léir dom gurbh é an " School for Scandal " a bhí ar siubhal, agus é gabhtha ar fheabhas do'n aisteoireacht Franncaigh, agus léiriú fónta air. Do ghoill sé orm ar chuma ná féadfainn innsint ; bhíos im aonar agus thug súd na mílte rud chun mo chuimhne. An bhfeicfead choidhche an " School for Scandal " i n-amharclainn Shacsbhéarla arís. 'Seadh, sin é cúis ghearáin is lugha agam. Níl sárú lucht coiméide na Frainnce ann, fiú san amharclainn bhig seo cois na mBoulevard. Do dheineadar sáraisteoireacht, go mórmór Charles, Sir Oliver agus Lady Teazel ; ach bheirid siad barr 'na gcuid cluichidheacht leathtaoibhe. Tá locht amháin ortha, ámh. 'Na n-aitheasc uathaidh dírighid a gcainnt ró mhór ar an lucht éisteachta, agus gotha ortha fé mar bheadh scéal rúnda d'á innsint aca. "*The soliloquy always to the pit ; that is the rule ?*" Do fearadh gáirdeas le cinéal díoghraise roim na ceolta náisiúnta, rud ná feaca le tamall. Idir so súd, fuaireas taithneamh ann. Féach nach seasc mo

shaoghal fé láthair agus gan d'ádhbhar scríbhneoireachta agam ach amharclanna na mBoulevard. Ochón!

Bealtaine 17.—Bán.

Bealtaine 18.—D'éirigh sprocht indiu eadram agus mo leannán Carnot. Ar sighniú an mheamraim dom a thugas do, do chuireas m'ainm Theobald Wolfe Tone (*dit* James Smyth) leis. I n-ainm T. W. Tone do bhí an ceadúnas scríobhtha dhom agus, dar ndóigh, fuaireas diúltadh nuair d'iarras é i n-ainm James Smyth. B'éigean dom mar sin, dom aindeoin chráidhte, dul arís chuig Carnot.

Is éigcneasta do labhair liom i dtaobh an duaidh a bhí air ag scríobhadh an dara meamraim dom. Tháinig olc orm agus dubhart go cneasta tur gurbh oth liom an botún ach nach mise dhein é. Do scríobh sé annsan nóta eile chun an Rúnaidhe, agus mar sin, is dóigh go ndéanfar go ceart amáireach é. Ní cóir do lucht áirdchéime labhairt go grod le daoine ná tuilleann uatha é. Measaim gur rímhaith an riail pholaitidheachta í sin, agus mar sin ní raghad thairis seo go fóill. Níl mo mheidhir tagaithe ar ais fós dom.

Bealtaine 19.—Do chuala indiu go raibh Carnot go canncarach diail indé le cách. Ní mise amháin a fuair é, de dheallramh.

Bealtaine 20.—Fuaireas fá dheoidh mo cheadúnas chun fuireach i bParis, sighniú "*Tomkins, Creditor,*" leis, nó Carnot, Uachtarán, le ceart. Nach tubaisteach é díth céille daoine. Is é bhí san gcéad cheadúnas a chonnac indiu ná "*Le citoyen Theobald Wolfe Tone, refugié Irlandaise.*" Ba dheas an scéal é sin le leathadh ar pháipéar agus nach fios an mó cléireach agus feadhmannach a chífeadh é ag an Luxembourg agus an Municipalité araon. 'Seadh níorbh é mo chionnta-sa é mar adubhart le Carnot, cathardhach, indé; agus, fós, níl aon anachain déanta, mar cuireadh an páipéar an neimhní; tá an gnó san dem láimh mar sin, agus níl agam ach bheith ag déanamh ádhbhachta dom féin mar ná faghaim aon ní le déanamh annso. "*Fie upon this idle life, I want work.*"

Do réir deallraimh bhí fuadar fola fé'n gcóimhcheilg úd do nochtuigh an Árdchómhairle. Fara n-a thuille, bheadh air gach coigcríochach teacht do láthair, *dá dheoin*, chun a churtha i bpríosún, *nó geall báis do muna dtagadh*. Má's fíor san is maith a chuas féin agus a thuille as, mar, le linn círéib réabhlóide, is gearr an t-aistear uaireannta idir an bpríosún agus "*an tír ainiúil úd ná filleann thar teorainn as aon taistealach go bráth.*" Is fearr mar atáthar, do'n Fhrainnc agus dúinn-ne.

Is aisteach le tabhairt fé ndeara mar atá fuadar díoghraise na Réabhlóide ar fad tráighte, fiú ní thugann mórbhuadha catha an airm san Iodáil spreagadh d'á luighead ortha. Is léir dom é, ag na taispeántaisí, mar a ngabhaid (le hórdú an Rialtais) "*les chants civiques*" gach oidhche. Bítar go fuairmheanmnach leo, agus ní fantar air sin uaireannta. Racht iseadh loinne dúthrachta ná maireann ar feadh cogadh sé mblian, cogadh rug barr glóire ó 'na dtáinig riamh, ach a thug, maraon leis sin, dochraid thar fóir ar dhaoinibh. Chítar dom, leis, gurab iad na fir óga is neimhdhílse dhíobh agus is é cómhacht na mban fé ndeara san, mar gur arstocrataigh an uile dhuine aca. Ní nach iongnadh é sin, agus ní nach fónta. Mheasas go mbeadh an ghlúin seo ag teacht 'na bpoblachtaithe maithe, ach ní fhéadaim a rádh go bhfuil cóimhlíonadh an dóchais sin tagaithe i gcrích. Éaluighid mar is fearr fhéadaid ó'n tsaighdiúireacht éignigh, agus téighid i muinghin gach clis chun a sheachanta. An té chífeadh i bParis iad ní shamhlóchadh ach le treibh aindeis Siobaratach iad; ach féach mar throidid na hógánaigh chéadna san nuair cuirtar d'á n-aindeoin san deireadh iad i dtreasaibh arm! Is aisteach an fhriotaidheacht é. Is dóigh liom dá mbaineadh óspairt obann do'n Phoblacht, cuir i gcás an Brunswickeach a bheith thar n-ais arís i mbéal máma san Argoinn, go mhúsclóchadh seanspioraid na Frainnce, ach fé mar atá anois níl loinne ar bith annso. Is maith an *succedaneum* 'na ionad, ámh, Rialtas deighriartha fara misneach dochlaoidhte na slógh, agus deineann san an bheart, agus a fhianaise sin, dar liom, ar an Taoiseach Beaulieu, agus ar Rí na Sairdíne. Dob ádhmharach an rud go raibh an Rialtas nua ar a bhonn sula dtáinig an meathlú dearbhtha san san meanmain phoiblidhe. Dá dteipeadh an loinne sular cuireadh le 'chéile an córas atá ann thar a cheann, ní fios conus a bheadh rudaí. Ar aon chuma dá dtéigheadh an dream ainrí úd chun cinn san bhFrainnc an uair úd, ní dhéanfadh sé ach díoghrais na bliana 1792 agus an dá bhlian 'na dhiaidh d'athmhúscailt, agus mar sin, 'sé an chríoch chéadna bheadh ar an scéal. Is é a fheabhas d'éirigh léi fé ndeara gur mhaoluigh ar loinne na Frainnce. Is leor san de pholaitidheacht do'n chor so, measaim; ní chuirfead leis sin ach a rádh, dá mba mise an Árdchómhairle, ná ceadóchainn na hamhráin pholaitidheachta do ghabháil le linn taispeántaisí, mar is lag choidhche dúthracht gan deoin.

Bealtaine 21.—Ar mo dhul amach ar maidin b'é chéad rud a

chonnac ná cairt fógartha luinge bhí le gluaiseacht fé chionn deich lá go Nua Eabhrac. Tá san 'na chreidhil im cheann ó mhaidin. Tá míle rud d'á thaidhreamh dom. Raghad go dtí Madgett amáireach d'fhonn ponnc nó dhó a chur fé n-a bhrághaid. Má fhéadaim é dhéanamh, gan cheataighe dom mhnaoi is dom bháibíní beaga caithis, is dóigh liom go gcuirfead fúm san bhFrainnc.

Bealtaine 22.—Do chuas chuig Madgett agus dheineas siubhlóid le móiréifeacht 'na theannta ins na Tuilleries. Dubhart go rabhas tar éis breithniú friochnamhach a dhéanamh ar mo chúrsaí féin agus d'á thoradh san nach lugha ná fonn a bhí orm fanúint san bhFrainnc. Go raibh, d'áireamh reatha, tuairim 400 louis d'ór agam, nárbh fhada le dul i nAmerica iad muna dtéighinn i bhfad siar, agus gur aindeis a bheinn-se annsan, gan taithighe sclábhaidh-eachta agam, ná lucht oibre le fagháil. Gur mheasas go mbeadh seilbh ghabháltais le fagháil anois go saor san bhFrainnc agus mar sin go rabhas ag iarraidh cómhairle air ar dhá chúinse. An chéad rud: ar bhaoghal leis, munarbh ionann agus mise, aon fhrith-réabhlóid, b'in le rádh, athchasadh na n-uaisle, ⁊rl.; agus an dara rud: ciaca ba thairbhighe gabháltas náisiúnta a cheannach nó gabháltas oidhreachta, leis an mbeagán airgid a bhí ar mo thoil agam?

B'é a fhreagradh maidir le frithréabhlóid ná feadair sé cad déar-fadh leis, ach nárbh aon andóigh a leithéid a theacht. Go raibh an Rialtas i dteannta chruaidh i dtaobh airgid, go raibh teipithe ar na *mandats* agus nárbh eol do féin cad d' fhéadfaí a chur 'na n-ionad. Gur mhór thar tómhas an duadh biadh a sholáthar do chathair Pharis, agus dá dtárluigheadh, aon uair, ganntan bidh go mba dheacair a rádh cá stadfadh físochmhaire an phobail a bheadh le gorta agus le ráig uilc; agus go mb'fhéidir go dtaidh-reochadh duine éigin aca ar *Vive le Roi* d'árdach, agus go ngeobhadh an sluagh leis; go raibh Pitt ag baint préamhacha as talamh d'iarraidh an chóir airgeadais a mhilleadh; ná raibh indiu ar an *louis* ach 10,500 franc; go rabhthas i gcumhangar chómh géar san fé láthair go socróchadh beagán laethe ciaca ba bhás nó ba bheatha do'n Rialtas, agus maidir leis féin, go mb'fhearr leis bheith scartha fé mhaise leis. Dubhairt sé go mb'fhéidir go mb'fhearr gabháltas oidhreachta a cheannach, agus leis an méid airgid a bhí agam go bhféadfainn talamh go mb'fhiú a dheich n-oirid é, sin £4,000, a cheannach. Do dheineamar coinne annsan bualadh le

chéile i gcionn a trí nó a ceathair de laethe agus tá seisean, idir dhá linn, chun tuairiscí a chur agus machtnamh ar an ngnó.

Im thaobh-sa de, pé aca trém óige é, agus gur dóchasaighe ná Madgett mé, nó tré ainbhfios an scéil, níl an coinne is lugha agam le frithréabhlóid. Níor sáruigheadh an Rialtas so ar chneastacht, ró chneasta tá sé b'fhéidir ; ach má bheireann an greim ró dhocht ortha caithfid dul le gníomhartha níos danardha, agus níl amhras ná go ndéanfaid. Ach is é bheir mise cinnte air ná sáirmheanma an airm. An cheannairc a thárla san *Legion de Police*, agus gur léir anois gur géag de chóimhcheilg Bhaboeuf é, chuir na saighdiúirí eile fé chois láithreach é, agus chím indiu togha díleagra do'n Árdchómhairle ó shaighdiúirí singile agus ó oifigigh dícheime an 3adh chatha dragún, gur cuid d'á ngárda iad. An fhaid fhanfaidh an t-arm seasamhach ní baoghal liom aon ní.

Creidim gur fearr fhéadfad an beagán airgid atá agam a chur chun maitheasa annso ná in America, má's fíor leath d'á n-abrann Madgett, agus, farais sin, táim annso *à portée* na hÉireann. Ní gábhadh na fátha d'aithinnsint ach, do réir mar tá m'aigne ar an am so, is dóigh liom go leigfead scéal anonn chun mo mhúirnín leis an luing seo chun airgead a dhéanamh de gach ní d'á bhfuil againn, louis óir a cheannach i mbannc Philadelphia agus gluaiseacht go Havre le n-ár muirghin san gcéad luing a bheidh le fagháil. A Dhia Mhóir nach suairc a bheinn d'á mbeidís agam go seascair i teaichín cluthar san bhFrainnc. Ní mór ná go bhfuil mo dhóchas i n-éag maidir leis an mórdháil a bhí beartaithe agam. Níl mo shúil le haon ní anois, agus níl ann ach go bhféadaim a rádh ná raibh aon rud ná dearna-sa a thriail nó a thástáil. Má's 'na shíothcháin do, agus mise curtha fúm annso, ní bheidh ach truslóg ann do Ph.P. teacht d'ár bhféachaint agus dar ndóigh, ní sinn ná cuirfidh fáilte roimhe, agus ní san bhFrainnc ná fuil aon fhíon ! agus so súd eile. Braithim mo sheanchlaonta ag fás arís beagán.

Bealtaine 23, 24, 25, 26.—Tar éis bheith 'ghá mheádhadh ar feadh trí nó ceathair de laethibh, agus ag suathadh an scéil ar gach cuma, bheartuigheas m'aigne agus scríobhas indiu ag triall ar mo mhúirnín mná, is go dtí an Ruadhánach is an Dr. Mac Rághnaill d'á innsint dóibh go raibh sé ceapaithe agam cur fúm san bhFrainnc, agus d'á iarraidh ortha gach ullmhúchán a dhéanamh chun go ngluaisigheadh mo líontighe chómh luath agus dob fhéidir. Is dána an iarracht í ach "*audaces fortuna juvat.*" Má thagann m'eadarghnó annso chun deighchríche dob fhearr san bhFrainnc

iad, má theipeann air measaim fós go mb'fhearr dhúinn cur fúinn annso ná i nAmerica. Pé scéal é tá an dísle caithte. Is tráth sonnraidh im shaoghal é. Tá an gnó déanta agam mar is fearr a tuigeadh dom bhreithiúntas é, agus má theipeann orm, teipeadh. Táim tuirseach ó bheith dom sheoladh seal seachtair idir chúrsaí dochraide, deinim daingniú fúm má's féidir ar deireadh.

Bealtaine 27.—Tá Paris fé choipeadh mhúchta le roinnt laethe, agus measaim gur gearr eile nó go bpléascfaidh. Fé chionn coighcíse déanfar athghairm ar na haisighnaití uile agus malartóchar ar mhandataí iad agus gur ionann san agus atharach córach ar iad ar airgead reatha. Fágfar ar fagháil, mar chomhthrom do na boicht, na haisighnaití beaga 100 franc agus fé n-a bhun. Tuairim dá phingin go leith is fiú indiu céad livre i n-aisighnaití gurab é a ngairmluach £4 : 3 : 4. Díluachadh cuibheasach réasúnta é sin.

Maidir liom-sa, nach im eolaidhe ná im chearrbhach i ngnó airgid dom, ní thuigim buinbhrí an scéil, ach gur léir dom an méid seo: nach beart gan tábhacht córas airgid na tíre a chur ar neimhní d'aon iarracht amháin agus córas eile a chur 'na ionad; ach do deineadh cheana é maidir le haisighnaití nuair a cuireadh i n-ionad óir agus bánairgid iad, fé mar cuirfar mandataí anois, measaim, i n-ionad na n-aisighnaití. Ní foláir rud éigin a dhéanamh nó raghaidh gnó an airgid annso ar lár. Tá súil agam ná bainfidh lagthoil do'n Rialtas. Dar leat ortha le déannaighe a gcainnt a bheith níos bríomhaire, agus taithnigheann san liom, mar cheapainn ná bíodh oidhre ar Shail, Rí na Loscan, ach iad nuair tugtaí masla dhóibh ná cúitightaí. Má bhíd siad teann claoidhfar naimhde na Poblachta, ach má théighid céim ar gcúl nó ar fiarlaoid, sin críoch leo, im thuairim-se. Is dearbhtha gur tráth sonnraidh é. Má mhaireann an Rialtas go dtí 'chéad lá 'Mhessidor, fé chionn trí seachtaine, agus má bhíonn an t-ádh leis an gcóras nua airgeadais, agus ní gábhadh chuige sin, measaim, ach daingne bheith ionnta féin, beidh an Phoblacht ar a bonnaibh go bráth. Fé mar atá "*we are walking on embers, covered with unfaithful dust.*" Bíodh misneach againn! Is gearr go mbeidh an scéal socair agus san fé mhaise, dar liom, *Vive la République!*

Tháinig indé chugam an Commisaire de Police im límistéir-se, ar órdú an Bhureau Central de Paris, chun mé bhreith ar chluais do láthair lucht údaráis toisc gur fhanas annso d'aindeoin na dlí a ceapadh an 21adh lae de Fhloréal i gcómhair coigcríochach. Ach '*I jumped suddenly upon him and deprived him of the use of his*

weapon," nuair a tharraingigheas chugam mo cheadúnas fé shighniú Charnot agus aithshighniú Lagarde, Rúnaidhe, agus leis sin d'iarr go ngeobhainn leor leis, do dhein *procès verbal* de'n ghnó, chuireas m'ainm leis agus scaramar le chéile fé mhórmhuinntear-dhas. Botún éigin san mBureau Central fé ndeara an chuaird úd. Do chuas annsúd an lá tar éis mé d'fhagháil an cheadúnais, chun é thaispeáint do'n oifigeach cóir agus níor chuir súd síos, tré fhaillighe is áirithe, an nóta ceart air. Taithnigheann liom an Rialtas a bheith dáiríribh ag tafann na gcoigcríochach ó Pharis. Ní measa galar san bhFrainnc ná iad, ag margaidheacht 'na gnóthaí airgid agus ag milleadh an airgeadais reatha. Dá mba mise an Rialtas ní cheadóchainn duine aca bheith annso ná raghadh a Thaidhleoir féin i n-urraidheacht air, mar go bhfuil sluagh de ghíománaigh agus de spiairí Sasanacha annso agus gach duine 'na Americánach, mar 'dheadh.

Bealtaine 28, 29.—Do chuas go dtí an *Fête des Victoires* a comóradh indiu san Champ de Mars. Do bhí an Árdchómhairle, na hAirí, an Corps Diplomatique, ⁊rl., uile go léir ann fé láinéide. Do bhí túis d'á dhóghadh ós cómhair iomháighe na Saoirse, do gabhadh na gnáithiomna, agus dhá cheann nó trí ba nua, a ceapadh do'n ócáid, ag maoidheamh caithréim an airm san Iodáil. Sárthaispeántas dob eadh é agus b'iongnadh liom a fheabhas a bhí spioraid na ndaoine agus cúrsaí an scéil mar a bhí. Tuairim 6,000 saighdiúirí fé airm a bhí ann agus a 14 de chathanna déanta dhíobh i dtómas na gceithre slógh déag airm atá ag an bPoblacht. Dↄ bhronn Carnot, d'á láimh féin, meirge ar gach cath aca agus fleascán daraighe, craobh na buaidhe, a tugadh le hiomchur do'n ghrenadóir ba dheallrathaighe ortha. Is suaithinseach an deallramh a bhí ar na trúpaí, fir óga, deaghshláintiúla, agus iad caithinmheach. Do cuireadh mise ag bun an altóra i lár cómhbhráithre de'n aos taidhleoireachta, ach ba rogha liom-sa bheith ainiúil, agus fátha ar leith agam leis sin. Le gach ní d'áireamh ba mhór é mo shásamh leis an taispeántas, agus bhí deora lem ghruadh le linn do Charnot na fleasca agus na meirgí do thíodhlacadh do na saighdiúirí. Taispeánadh é ba mhaise do shárphoblacht, agus chuir sé glionndar áthais orm. *Vive la République !*

XXIII

CUR AGUS CÚITEAMH

1796—Meitheamh 1 go Iúl 11.

Lá i Versailles. Forógradh d'á chiorrbhadh. Ráfla ar thír-ghabháil i nÉirinn. Scailéathan Mhadgett. Tone gan airgead. Páipéir nuachta ó Shasana. Agallamh leis an gCléireach i dtaobh an fheachtais agus i dtaobh ionad san arm do féin. Machtnamh i dtaobh a mhná agus a líntighe. Machtnamh lae cuimhne a bheirthe ag Tone. Tréithe saighdiúra de'n Fhrainnc. Post i n-arm na Frainnce geallta do Tone. Trácht ar chath airm d'Éireannaigh a chur ar bun do. Ganntan airgid. Cáineadh ar mhionuaisle na hÉireann. Ag an Théâtre Feydeau. Tagairt do'n Phápa agus an Dr. Treo. Tuille eolais ó'n gCléireach. Tone d'á iarraidh go dtiubharthaí teist mhaith air féin nuair a raghthaí go hÉirinn. Duckett. Géireasnamh airgid. Athtuairim ag Tone do'n Chléireach. Tuairim Tone do'n Phápa. Uaigneas i bParis. Leitir Tone chun a mhná san "Argus"—an "Argus" gabhtha. Tuirseach de'n leadrán agus de'n uaigneas.

Meitheamh 1, 2, 3.—Tá léas beag dóchais tar éis teacht indiu trés an dorchadas diamhair atá le tamall ag folachadh mo ghnóthaí féin. Do ghabhas chuig an gCléireach *pro forma* agus gan coinne agam go mbeadh sé rómham, agus níor mealladh san méid sin mé. Fuaireas nóta, ámh, 'ghá rádh liom gur léigh sé mo ghairmscoile agus gur thaithnigh go maith leis ; ach go gcaithfaí, ámh, é ghiorrú beagán, agus gur mhaith leis mé d'fheicsint 'na thaobh san aon uair tar éis an lae seo agus an lae amáirigh. Sin é an chéad uair aige am lorg. Seadh, sin rud éigin. Do scríobhas freagradh láithreach agus d'ainmnigheas an 18adh Phriarial (Meitheamh a 6) agus mar sin, tré ómós do, táim ag fágáil lae i n-aisce aige. An dtiocfaidh aon ní as so ? Is maith liom go dtaithnigheann mo ghairmscoile leis an gCléireach. Ba mhó b'fhada liom féin leis é. Chím go bhfuil breithiúntas maith ar na nithe sin aige. Má téightar ar an bhfeach-tas beidh cúis mhaoidhimh ann a rádh gur scríobhas an gairmscoile.

Ach ná bím "*running before my horse to market.*" Níor scaoileas srian lem dhóchas ó thosach deireadh agus, go bhfios do Dhia, is ar beaglón a bhí sin le déannaighe. Ní leigfead do'n leoithne seo mé mhealladh chun seolta móra a chur anáirde agus gan ach bheith 'ghá bhfilleadh arís. Is fearr mar atá cúrsaí indiu, ámh, ná mar bhíodar indé.

Meitheamh 4, 5.—Leannán Franncach liom, M. Dugas, bheir sé leis indiu mé go Versailles 'na chabriolet. Turas deas é, dhá mhíle dhéag ó Pháris, go bhfuil áilleacht níos mó le feicsint 'na chómhgar ná mar tá i gcomhgar Lonndain, ach gan aon bhreith aige ar chómharsanacht Bhaile Átha Cliath atá go hálainn thar innsint, de bhrí an dá mhórbhuadh atá aici—an fhairrge agus sléibhte Cualann.

Is fíorálainn é chateau Versailles agus na gáirdíní foirimeallacha fairsinge atá ann, ach go bhfuil síorionannas tuirsitheach ionnta; an tseanéirim i ngach rud, casáiṇ díreacha, fálta dlúithbhearrtha, miasa cómhcruinne, íomhághtha marmair agus sreathanna leath-árdán. Is fuathmhar an cóiriú é. Tá roinnt de phictiúirí fónta fós ann, go mórmór ceann de Shéarlas I, Rí Shasana, do dhein Vandyck, go bhfuil samhalghrafadh déanta ag Strange air; agus ceann de Shéarlas XII, Rí na Sualainne, go bhfuil ródheallramh le Tighearna Landaff aige. Tá an troscán ar fad imithe nó díolta, ach amháin caibinéid rí-álainn go léir ba le Marie Antoinette tráth, mar a mbíodh na seoda aici. Níl sárú ar an bplásaidheacht ainspianta ba bhun leis an rud atá ar shíonáil na seomraí ann; pictiúirí fáthrúnda ar nithe éagsúla a bhain le réimheas Laoighise XIV atá deartha ortha, é siúd i gcruth Earcail i gceann aca, i gcruth Mhars i gceann eile, agus i gcruth Iupiter i gceann eile fós; agus rud is fearr ná san, is ar a fhoráileamh féin a deineadh gach pictiúir aca. Do bhí ceann a thaithnigh thar barr liom mar a bhfuil ceathrar i n-aon ghasra, Laoighise XIV, a dheartháir—Diúic Orléan, an Grand Conde, agus Turenne, ceathrar neamhghnáthach gan aon agó. Pictiúirí de dhaoine oirdhearca, is iad is fearr a thaithnigheas liom féin. Tá ceann maith ann de Mhme. de Maintenon.

Níor mhór seachtain chun an Pálás agus na gáirdíní d'fhiosrú, agus ní mór thar uair a chluig a chaitheas-sa ann. Níor bheag liom a bhfeaca, ámh, chun a dheimhniú dhom gurbh álainn an chóir lóistín a bhí ar Rí na Frainnce, ach maidir liom-sa dhe, gheobhainn bás de'n lionndubh dá mbeadh orm fanúint san chateau de Versailles. An scéal céadna ag a bhfeaca riamh de ríobhrúgha,

bíodh nach mórán san. Is álainn é Hampton Court i Sasana, ach is neamhní é le hais Versailles.

Do chuamar de shiubhal ó'n chateau go Trianon, leathmhile ó bhaile, tuairim. Tá an pavilion go hálainn, de mharmar daithte é go léir lasmuich ; sin a bhfeaca-sa dhe. Is cosúil na gáirdíní ann le cuid Versailles, sírionannas marbh ionnta, ach iad níos lugha. Is ró-ghránna an cóiriú é. Do chuamar annsan go dtí an Petit Trianon, an cúilionad ba rogha le hAntoinette. Áit ghleoite thar na beartaibh é, agus an cóiriú Sasanach ó bhun, barr air. Tar éis cruinnriar éadtaithneamhach an dá gháirdín eile, bhíos fé dhraoidheacht aige agus fiú na Franncaigh féin, d'admhuigheadar gurbh fhearr thar áireamh an éirim a caitheadh le cóiriú na faithche annsúd. Dob álainn é Trianon fiú i Sasana féin, ach is seod sidhe san bhFrainnc é. Is mó froilic aisteach a thárlaidh annso. Níor fhéadas dul ó n-a lán smaointe fáithchiallda agus mé ag siubhal na háite, "*de vanitate mundi et fuga sæculi.*" Níorbh iongnadh liom neamhfhonn ar an mbainrín an áirdréim a bhí aici a thréigean. Do bhí dubrón ó'n scéal orm.

Meitheamh 6.—Do chuas ar maidin, do réir coinne, chuig an Taoiseach Ó Cléirigh. Fuaireas níos lághaiche 'na mheon é ná mar ba ghnáth leis. Dubhairt sé liom gur léigh sé mo ghairmscoile agus go bhfuair sé ar fheabhas an domhain é, ach go gcaithfaí, ámh, é ghiorrú cuid mhaith, mar gurbh é an chéad ní ná a chéile san tsaghas sin ceapadóireachta, a dheimhniú go léighfaí iad, agus, chuige sin, gur ghábhadh go mbeidís gairid ; go gcuirfaí ceann níos sia le 'chéile do lucht scrúdaithe polaitidheachta, ach gur i gcómhair an phobail agus na saighdiúirí a bhí mo cheann-sa d'á bheartú. Do mheasas féin gur mhaith an chiall an méid sin uile, agus ní miste dhom a rádh, maidir le haon pháipéir phoiblidhe d'ár scríobhas-sa, gur chuireas uallbhaois an údair fé chois, agus a fhianaise sin, measaim, ar Ghog. Dubhart leis, d'á bhrí sin, go ndéanfainn mingearradh air *sans remorse*. Dubhairt sé annsan go bhféadfainn deimhin a dhéanamh de ná raibh an gnó féin imithe i ndearmad ortha, ná mo pháirt-se ann. Do chaitheamar cúpla nóimeat annsan ag trácht ar chaithréim mhórbhuadhach an airm san Iodáil, agus mar sin, tar éis socrú go bhfillfinn fé chionn beagán laethe agus mo ghairmscoile giorraithe go réasúnta agam, do cheileabhras do. Do thaithnigh an Cléireach go mór liom indiu.

Ar chasadh dhom, bhí an Súilleabhánach rómham fé uathbhás Do bhí Madgett tar éis a innsint do go raibh an scéal chómh dian

san go raibh an Árdchómhairle agus an Dáil Reachtúcháin ag beartú ar aistriú go Fontainbleu d'fhonn dul ó bhaoghal. Ní bhíonn nuacht choidhche ag Madgett gan é bheith ainspianta ar fheabhas nó ar olcas. Dubhart go toghail leis an Súilleabhánach nár chreideas é ; ach dá ndeinidís lagbheart mar é go raibh deireadh go bráth leo. Do chanas iomad de bhréithre blasta, a sciobadh ó Shakespeare, ar díth céille an duine gurbh eagal leis an bás i ndálaibh poiblidheachta agus dheineas, gan gó, aitheasc deaghlabhartha, agus chuireas i bhfeidhm orm féin agus ar an Súilleabhánach ná raibh baoghal ann. Ní thaithnigheann na ráflaí san liom, ámh. B'fhéidir go bhfuil bun éigin leo, agus dá n-imigheadh droichíde ar an Rialtas annso ba mhór an sceimhle é. Táim ó shin chómh duairc 's is fhéidir. Tá san ag teacht 'na ghnáithbhéas agam. "Dóchas gan chóimhlíonadh," adeir an scrioptúir, "is tinn uaidh croidhe an duine." Is deimhin ná fuil borradh na sláinte im chroidhe-se ar láthair na huaire. Ach táim fé mhionn gan dul i n-éadóchas. *Courage !* máiseadh. *Allons !*

Meitheamh 7, 8.—Do chuas indiu chuig Munroe, óir ní fheaca é le breis agus mí. Do bhí sé go lághach liom. D'fhanas uair a chluig ann ag cainnt leis fá pholaitidheacht i nAmerica. Do bhí sé de dheighmhéin ann gan trácht ar mo ghnó-sa, agus ba bhuidheach d'á chionn san mé. D'innis dom, leis, go bhfuair scéal ó Bh. gur chlos dóibh i nAmerica mo theacht-sa slán abhfus, i dtreo go bhfuil mo mhuinntir ar a suaimhneas i dtaobh an scéil sin. Is mór an sásamh san dómh-sa.

Meitheamh 9.—Go gnóthach ag ciorrbhadh agus ag gearradh mo ghairmscoile. Beidh deallramh éigin san deireadh agam air. Níl oidhre ach mé ar Jack san "Tale of a Tub," ag cur athchrutha ar a chóta.

Meitheamh 10.—Scéal aisteach ag Madgett dom. Do dhearbhuigh duine de chléirigh na mbureau dho go bhfuil na Franncaigh tar éis dul i dtír i nÉirinn, agus gur duine de'n Dáil Reachtúcháin is údar do'n scéal, agus go bhfuair san ó dhuine de'n Árdchómhairle é. Má tá amhlaidh is iongantach é ná faghadh Madgett ná mé féin an t-eolas ba lugha 'na thaobh. Do chuaidh Madgett chun an Aire ag lorg eolais. Dubhairt an tAire nár chreid gurbh fhíor é, agus nach foláir nó gur scéal roimhré é. D'fhágfadh san go mb'fhéidir fós gur fíor é. Ní fheadar cad deirim. Tá críoch lem ghairmscoile agam. Níl ach toirt frigéide anois ann, agus bhéarad chun an Chléirigh amáireach é. Má tá aon éifeacht leis an ráfla b'fhéidir go 'nneosadh sé scéal dom ; muna ndeinidh, beidh 'fhios agam nach fíor é.

Meitheamh 11.—Do chuas chun an Chléirigh. Do casadh orm é agus é fé fhuadar deithinis ag dul chun a bhureau, go dtí an Taoiseach Lacuée a bhí ag feitheamh leis. Ní raibh d'aga agam ach an páipéar a thabhairt do agus oiread agus focal ní dubhart súd i dtaobh an tírghabhála agus is dóigh mar sin gur scéal róimhré é, mar adeir an tAire.

Tráthnóna. Madgett faram arís. Tá an ráfla ag dul i dtreise, de dheallramh. Mar seo atá anois. Dubhairt Grandjean, an Chef de Bureau i nOifig na nGnóthaí Coigcríche, go raibh na Franncaigh i dtír i nÉirinn, 15,000 aca, gur chuir na daoine fíorchaoin fáilte rómpa agus go rabhadar ag teacht 'na míltibh chuca le linn an tuairisc a bheith d'á chur chun siubhail ; gurab é sin scéal a thug Beffroy dho, duine de'n *Cinq-cent*, a fuair go díreach ó dhuine de'n Árdchómhairle é. Tá cruth agus cruinneas ag gabháil leis an méid sin, agus admhuighim gur bhain sé suathadh mór asam. Ní foláir nó tá bun éigin leis, nó conus a thiocfadh Éire i n-aigne Bheffroy agus Ghrandjean ar aon chor. Is dearbh go bhfuil frigéid (an *Atalante*) tar éis teacht go Brest le cúpla lá, tar éis cabhlach de loingeas iomchuir, ⁊rl., a thionnlacan. Dá mba go hÉirinn é, tar éis an tsaoghail ! Ní deimhnighe le Madgett é bheith 'na bheathaidh ná é, agus tá míchéadfadh an domhain air gur ceileadh an gnó air féin. Maidir liom-sa, 'sé is mó is cás liom ná go mbeidís i dtír. Níl san méid a bhaineann liom-sa de ach an chuid is suaraighe de'n ghnó. Dá aindeoin sin, ámh, ba chrádh croidhe liom gan mé bheith páirteach ann. "*Quoi le Français en Irlande——et Montauciel n'y est pas.*" "*I am lost in sensations of troubled emotions.*"

D'aindeoin gach ní, taidhsightar dom gur ar éigean atá aon fhírinne san ráfla ; ach, fós, dob fhéidir é bheith i gceist, tá cúrsaí áirithe go mór ar a thaobh. Áirmhighimís ortha san Madgett do chur cúig feara déag d'Éireannaigh príosúnach ag triall ar Hoche mí ó shin, ar órdú an Chléirigh, adubhairt gur i gcómhair Shasana iad, rud nár chreideas, dála an scéil. (féach Bealtaine 11.) Ach, arís, cad chuige go mbeadh an Árdchómhairle ag ceilt nuacht fónta mar sin ar an bpobal, agus cad fáth go gceilfeadh an Cléireach orm-sa é. Má's fíor do'n ráfla tá briseadh geallúna déanta aca liom-sa, mar thug Carnot agus an Cléireach, araon, deimhniú dhom, dá dtéightaí chun cinn leis an bhfeachtas, go mbeinn-se ann ; agus dubhairt an Cléireach arís liom é le linn an chómráidh dheiridh a dheineamar ; agus admhuighim go mba dhíombáidh géar dom mé d'fhágaint ar leathtaoibh annso tar éis mo shaothair d'éirghe chómh

maith liom go dtí so. D'aindeoin gach ruda, ámh, b'fhearr liom ná a bhfeaca riamh go mb'fhíor é. Sin é an rud tábhachtach ; is beag le rádh mo thairbhe-se, agus, ar aon chuma, nochtfar an fhírinne fós agus gheobhaidh cách a cheart. Tá fearg níos míle mó ar Mhadgett ná mar atá orm-sa, agus gan oiread cúise aige, measaim, mar ní dhearnaidh, ná níor fhulaing sé, oiread liom-sa san ngnó. Deirim arís ná creidim an scéal. Beagán laethe a dheimhneochaidh ciacu fíor nó bréagach é an ráfla agus, go dtí sin, ní dóigh liom go ndéanfad aon ní.

Tá scéal fachta indiu ag an Árdchómhairle ar dhá chath eile atá buaidhte, ceann aca san Iodáil, an deichiú ceann ar a luighead, measaim, san gcogadh so, mar ar cuireadh an deargruaig arís ar Bheaulieu, agus gur fágadh gan bagáiste, gan cannóin, gan stóir é, agus gur gabhadh a chuid oifigeach ar fad 'na bpríosúnacha. Socróchaidh san an scéal, measaim, san Iodáil. Cois Réin an cath eile, an dara cath (tugadh an chéad cheann cúpla lá roimis, ach do dhearmhadas cur síos air). Ní fhuaireas aon tuairisc chruinn air ach cloisim gur buaidh diongbhálta é. Déanfaidh an tImpire cogadh suaithinseach de, de dheallramh. Gan aon amhras is doichreidthe é gaisce mileata na bhFranncach. Smaoinigh ar Rialtas go bhfuil ceithre harma déag,tuairim 1,000,000 fear, ar an bpáirc aici agus gan ciste aici ná cáirde. Ní féidir é mheas. Is fíor gur sholáthruigh Buonaparte beagán airgid san Iodáil, mar tá rabhadh tugtha aige do'n Chathardhach Carnot, nach miste dho tarrang air féin d'iarraidh seacht milliún, tráth éilimh, ó Bhannc Ghenoa. Ní fheadar conus a thaithneochadh le Seán Buidhe a bhille a ghlacadh ar lascaine. Ach seo annso mise tar éis na mbeart, i bParis, ar uair faothaithe agus buaidhreamh thar innsint orm, ag scríobhadh meamram gan éifeacht. Ní fheadar cá bhfuil P.P. Má tá na Franncaigh i nÉirinn d'fhéadfainn tuairim a chaitheamh. "*Confusion ! Téte, ventre sang—mille bombs !*" An amhlaidh atá sans-culottes i nÉirinn, agus mise annso. Och ! a Chathardhaigh, a Charnot, an féidir gur mheallais mé ?" "*A chait bhán, a chait bhán, do mheallais mé !* agus, *láithreach, bhraith sé scríobadh ó lapa cait ar a láimh.*" 'Seadh pé olc, maith a bheidh an scéal, ní dearmhadfar i nÉirinn ameasc mo charad mé.

Meitheamh 12.—Do chaitheas puins araer fara Madgett. Tá ag dul d'á chreideamh beagán i dtaobh na tírghabhála. "*Goodman Verges speaks a little of the matter ; an old man and his wits are not so blunt as, heaven help us, I could desire they were.*" Cuireann sé

tuirse diabhalta orm uaireannta. Agus measaim, leis, go bhfuil a shúil aige le bheith 'na thaidhleoir thar ceann na hÉireann, amach annso. Níl na tallanna aige d'oirfeadh do san, agus, farais sin, tá an aois ag goilliúint ar a chéill. Ach, mar sin féin, is deagh-dhuine é Madgett, agus beidh buidheachas a thíre ag dul de rócheart do, má éirigheann léi, ach ní hé bheidh 'na thaidhleoir di i bPoblacht na Frainnce. 'Sé mí-ádh atá air go dtuigtar do gurab é féin a ghní gach rud, agus a bhogann gach ní, agus gur do is eol gach scéal, agus a fhios dómh-sa ná feadair sé, ach oiread le bonn mo bhróige, cad a bhíonn ar siubhal. Do bhainfeadh sé gáire as duine an tslí bhíonn sé uaireannta ag ceilt a chuid aineolais, agus a bheag-le-rádh, fé chealltar diamhaireachta agus discréide, agus bogaim-se, im dhiúlach gan náire, i gcómhnaidhe an scéal do 'ghá rádh nach áil liom foiréigean a dhéanamh ar an discréid oifigiúil aige, agus mar sin. Dubhairt sé indiu liom, de dheascaibh meamraim a chuir sé féin isteach roinnt míos ó shin 'ghá innsint cad a thárlaidh i láthair Phrivy Council Shasana, maraon le n-a thuairimí féin 'na thaobh-san, go mbeidh cabhlach chun fairrge ag an Spáin, agus go réabfaidh sí cáirdeas le Sasana, fé chionn chúig lá déag. "*Má mhairimíd beo chífimíd súd,*" *a ndubhairt an dall*. Dubhart é sin cheana ach nach cuma. *Nous verrons*. Ba mhaith an mádh san gcluiche é an Spáin d'fhógairt chogaidh ar an namhaid choitchinn atá ag saoirse an duine.

Meitheamh 13, 14.—Do bhuaileas chun an Chléirigh ar maidin, cheal a mhalairt de ghnó. Thugas dhá nóimeat 'na theannta, luadhas ráfla Mhadgett i dtaobh na tírghabhála agus dubhart nár chreideas é. Do dheimhnigh sé dhom ná raibh focal fírinne ann. Sin deireadh leis an scéal san, máiseadh. Dubhart-sa gur neimh-dhiscréideach an gnó é do pé duine chuir an scéal ar siubhal. D'aontuigh liom, ach dubhairt nárbh fhéidir uaireannta gobán a chur i ndaoine béalscaoilte. Dubhairt sé liom, leis, ná fuair aga fós chun mo ghairmscoile aithghiorraithe a léigheadh. Do dheineas coinne leis bualadh chuige 'chéad lá 'Mhessidor, i gcionn a ceathair nó a cúig de laethe, agus cheileabhras do.

Do bhí an Cléireach séimh go leor. Teastuigheann uaim dul i gcómhairle leis d'fhéachaint cad ba cheart dom a dhéanamh i dtaobh mo chúrsaí féin. Táim ar míostáid tubaistigh thar fóir i dtaobh airgid. Níl ar an lá so agam ach tuairim trí cinn déag de Louis d'ór ná seasóchaidh thar mí dhom, agus nár chóir dom leigean dom féin dul go dtí an leithphingne deiridh. D'fhéadfainn, b'fhéidir,

bheith níos cruinnechaitighe, ach ní mór é le gach ní d'áireamh. Is neamhchostasaighe Paris, tar éis an tsaoghail, ná Philadelphia, agus é, dar ndóigh, míle uair níos taithneamhaighe. Ach d'á aindeoin sin ní fhéadfaí mo shaoghal annso a shárú ar neamhchompórd. Tá sé go scéirdiúil. Tá sé go truaighmhéileach. Cleachtadh teinteáin ba rogha riamh liom, agus féach annso im aonar i gcorplár Pharis mé, agus gan caonthaidhe ann gur cás leis maith nó olc mé. Is cuma dhom amuich nó i mbaile é, agus níl innsint scéil ar a dhuairce bhím d'á chionn. Táim san bhfásach, maidir le sonamheanmain, oiread agus dá mbeinn i gcrioslach Chaffraria istigh. Níl de chúltaca agam ach an Ceoldráma, agus ní leor san, de shíorghnáth. Im aonar a bhím i gcómhnaidhe ann, agus ní bhíonn duine agam go 'nneosainn an t-aoibhneas a bhíonn uaireannta orm, ná na tuairimí a thagann dom. Tar éis caradais Ph.P., agus an suairceas do-innste gheibhinn i gcuideachtain mo chéile ghráidh, dein a mheas conus mar atá annso agam agus gur cuma le fear nó bean ann dá mba san ngealaigh a bheinn. *"Oh sad! oh sad! I declare I pity the poor draper! After this he goeth on and saith,"* ⁊rl. 'Sé m'aontsólás, agus is éachtach an sólás é, an réim chathbhuadhach atá fé shlóighte na Frainnce. Ní foláir liom nó tuitfidh Sasana, agus má thuiteann, éireocham-ne.

Chím san *Morning Chronicle*, a gheibhim tráth um a seach ó'n Súilleabhánach, go bhfuil curtha ar athló turas Lady Bute go Madrid, mar a bhfuil longphort d'á cheapadh ag St. Roch, agus éirghe slógh 60,000 fear órdaithe san dúthaigh sin. Sin fuadar cogaidh. Is deimhin go bhfuil Beaulieu ag teicheadh ó Bhuonoparte atá le n-a shálaibh; go bhfuil na Franncaigh ag gluaiseacht chómh héascaidh ar feadh an Réin agus táid san Iodáil; go bhfuil slóighte na hOstaire ar meascmhearbhall, agus droichmhisneach ortha, agus iad dóthanach do'n chogadh, scéal is róthábhachtach; go bhfuil an tImpire tar éis an Count Metternich a chur go Lonndain, chun a chur i n-úil, is ró-dhócha, go bhfuil beartaithe aige síothcháin a dhéanamh láithreach; agus, má's mar sin é, beidh críoch an chatha le fearadh idir an bhFrainnc agus Shasana. *Alors, nous verrons!*

Adeir Madgett i gcómhnaidhe liom (ach nach aon údar maith é, mar is léir i n-iomad áiteanna ins na meamraim seo) gur ag feitheamh leis na Duitsigh atáimíd. Fágann Carnot mé gan scéal ar bith, agus an Cléireach, agus is deimhin liom nach mó eolas an Aire ná cuid Mhadgett. Is neimhéascaidh riamh é Mac Frog gan gó,

ach tá tagaithe anoir adtuaidh cheana féin aige ar Sheán Bhuidhe. Is é an truagh ó Dhia ná deineann arís é. Tá m'anam ó'n inshníomh so tinn. Ní fhéadaim a cheapadh go bhfuil i ndán do Shasana ach tuitim, agus tá iontaoibh thar barr agam as éirim an Rialtais annso agus as a namhdas díchoiscithe do na Sasanaigh. Táthar a rádh indiu go bhfuil beirt thoscairí ó'n Impire tagaithe, incognito, faoi thuairim síothchána. Is mór atá beirthe ag an ógánach san ar thalamh na Frainnce de thoradh a cómhpháirt le Seán Buidhe. Táthar a rádh, leis, go bhfuil seolta ag Richery, líon seacht long, ó Chadiz, fara dhá cheann déag de longa líneagair de'n Spáin, fé Sholano, agus nach fios cá ngeobhaid. Má theagmhuighid le Sasanaigh cuirfidh san an scéal i ndálaibh a shocraithe ar thaobh éigin, b'fhéidir ; ach claoidhfidh Seán Buidhe iad araon ar fairrge go deireadh na scríbe, muna meallaid siad Pádraig ó bheith i bpáirt leis. B'fhearr liom ná an saoghal go dtuigfeadh Carnot é sin fé mar thuigim-se é. 'Seadh, seo annso mise, agus annso bhead, agus táim chómh éidtreoireach agus dá mb' i lár na fairrge móire bheinn im aonar agus mé i dtaoibh le snámh. Is uathbhásach é—ach "*'Tis but in vain,*" ⁊rl.

Meitheamh 15.—Fuaireas beart de pháipéir Shasanacha ó'n Súilleabhánach. Do bhuaileas fá na páirceanna amach, im aonar, agus luigheas cois claidhe d'á léigheadh. Chómh duairc leis an diabhal buidhe, agus ní hiongnadh é. Chím go bhfuil na hAmericánaigh tar éis gabháil leis an gconnradh Sasanach, de ghuth caogad is duine i n-aghaidh ochtair is dachad. An cabhlach Duitseach d'éaluigh ó Sheán Bhuidhe, bhuaileadar cuan i dTeneriffe, Márta 26, treo aindeis ortha, agus díth lóin—dhá luing ceathair-seascad, agus long caogad gunna, ceithre frigéid agus dhá shlúip cogaidh. Rinn an Deaghdhóchais is ceann cúrsa dhóibh. B'fhearr liom ann iad, gan mháchaill, agus iad tar éis na Sasanaigh a ruagairt as, ach is baoghal liom é. Ciaca Franncaigh nó Duitsigh iad na saighdiúirí atá ar bórd ? Air sin atá toradh an scéil ag braith.

Chím gurab é Combe atá toghtha thar ceann Cathrach Lonndain, agus tá Fox ar tosach ar an 7adh lá de Mheitheamh i gcómhair Westminster ; an tAimiréal Gardner atá 'na choinnibh, agus é i ngoireacht dáréag do ; Horne Tooke an tríú iarrathóir, agus é míle laistiar de bheirt aca. Thug Fox agus Tooke óráidí breághtha ó na Húistingí. Ó'n mbeagán is léir dom, agus gur suarach an t-eolas atá agam, ceapaim go mbeidh an Phairliméid nua chómh mór fé Phitt agus a bhí an ceann cheana ; na conntaethe atáim

a rádh; ach maidir leis na burgbhailte, níl amhras fútha-san. Tá triúr chun cogaidh, cuir i gcás, toghtha thar ceann Cathrach Lonndain. Is amhlaidh is fearr é! Dá thugthacht do chogadh iad iseadh is fearr. D'fhág léigheadh na bpáipéar san chómh leamh le poll portaigh mé, agus níor bheag liom a olcas a bhíos cheana.

Meitheamh 16, 17.—Cuaird agam indiu, do'n chéad uair, ní fios cad é an fhaid, ar an Aire. Do bhí sé gnóthach agus ní fhéadfadh cainnt liom. Ní cómhartha fónta é sin, ná drochcheann; idir so súd, ní haon mhaoidheamh liom é. Is é nuacht an lae seo go bhfuil Rí Náiple tar éis síothcháin a dhéanamh, go n-íocfaidh 30,000,000 livre, *en numéraire*, agus go mbéarfaidh a mharcshluagh leis ó Bheaulieu, agus cúig longa líneagair ó Aimiréal Shasana san Meánmhuir. Sin comaoin mhór nirt ar an Impire agus ar Sheán Bhuidhe! Níl deimhniú an nuachta san fós ann, ach muna bhfuil i gceist fós, ní fada go dtí sin, mar tá mionphrionnsaí na hIodáile, a ndubhairt na Franncaigh, "*en queue pour faire la paix.*" Nath thar barr é sin a chialluigheann daoine 'na struilín laistiar d'á chéile go ndeintaí freastal ar chách díobh 'na thuras, mar a ghní boicht Pharis, cuir i gcás, ag siopa an bhácaera. Ní fhéadfaí díol fonómhaide b'áiféisighe a cheapadh.

Meitheamh 18, 19.—Cuaird agam ar an gCléireach do réir coinne. Fuaireas a aid-de-camp ag déanamh maicscríbhinne dem ghairm-scoile aithghiorraithe. Do thaidhsigh an Cléireach go raibh áthas air mé fheicsint, agus d'iarr orm féin maicscríbhinn a dhéanamh mar gur theastuigh sé uaidh go deithneasach. Do shuidheas, d'á bhrí sin, ag a chrinnlín féin agus chuaidh seisean i mbun a ghnótha dhlisteannaigh. Do bhí críochnaithe agam fé thuairim leath uair a chluig, agus d'fhill seisean. D'innseas do go groidbhriathrach conus mar bhí cúrsaí agam, gur as mo ghustal féin ar fad a leanas de'n ghnó go dtí sin, agus gurbh é m'áireamh go raibh ar éigean dóthain agam chun an fód a sheasamh mí eile, agus fé'n am san go mbeinn "*à sec*," mar adeir na Franncaigh; agus mar chríoch, d'iarras a chómhairle i dtaobh an scéil.

Do fhreagair sé mé cáirdiúil go leor agus dubhairt go gcaithfidís soláthar dom san arm, áit a bhí luaidhte de rogha agam féin, agus san eachraidh, mar a raibh an págh dob aoirde; ach dubhairt sé ná raibh fuascailt a riachtanais de phágh le fagháil i n-aon rang. D'fhiafruigh sé annsan an rabhas riamh i seirbhís airm. Dubhart ná rabhas; go rabhas im óglach i ndíorma i mBéal Feirste ach nárbh aon tseirbhís liom é sin, ach go raibh caitheamh agam i ndiaidh

saoghail mhileata, agus i gcás go ndéanfaí aon rud d'Éirinn gur leis an tseirbhís sin a gheobhainn. Dubhairt sé annsan go mb'fhéidir go ndéanfadh sé constaic san scéal toisc ná raibh seirbhís tugtha agam, ach go bhféachfadh sé chuige, agus go dtiubhradh sé fios scéil dom i gcionn trí lá nó a ceathair, agus nár mhiste dhom bheith deimhnitheach go ndéanfaí rud éigin.

Do bheir sé leis annsan mé 'na charráiste go tigh an Aire, mar go raibh gnó ann aige. Ar an slí dhúinn d'innseas do gur mór mar do ghoill sé orm aon chabhair airgid a iarraidh ar an bPoblacht, ach go raibh an deargéigean orm ; nár dhuine caithteach mé agus, dar ndóigh, go ndéanfadh cuid bheag mo ghnó ; agus 'na theannta san, dubhairt leis, ós ag fónamh dom dhúthaigh a bhíos ar fostadh annso, aon tsuim a tabharfaí dhómh-sa go gcaithfaí a áireamh gur ar a son san a tugadh é agus, mar sin, go ndéanfaí a aiseag mar aon le gach costas eile, nuair a bheadh críoch leis an ngnó. Do dhein sé gáire fé sin agus dubhairt ná beadh aon airgead againn. Dubhart-sa gurbh fhíor san nó, pé scéal é, ná beadh puinn againn, ach go mbeadh gustal againn ; agus luadhas an méid de mhaoin Shasanach a bheifaí, san gcás san, tar éis a ghabháil do'n stát ; agus dheimhnigheas do go mbeadh againn go leor chun ár bhfiacha cirt, agus onóra, agus buidheachais d'íoc. Maidir leis an nganntan airgid, scéal, adubhart, gur léir dom é bheith ag machtnamh beagán air, ba mhaith an sompla a bhí tugtha, agus a bhí fós d'á thabhairt, ag an bhFrainnc, ar cad d'fhéadfaí a dhéanamh fiú gan aon airgead, nuair a beifaí dáiríribh.

Do luigh an cómhrádh annsan ar an bhfeachtas. Dubhairt sé go mba róriachtanach go mbeadh Béarla ag an Taoiseach Áirdcheannais. Dubhart-sa go mb'áis é gan amhras, ach nár ghábhadh thar fóir é. Do thagair annsan a dheacra aon Éireannach d'fhagháil go mbeadh cáilidheacht ann d'oirfeadh do'n áirdcheannas. Dubhart sa go mb'fhearr linn Franncach, gur mhó feidhm a bheadh aige sin ar aigne an phobail, agus go mórmór Taoiseach ceannais go raibh a cháil ins na Gaseití (scéal é sin nach é mo dhearmhad choidhche gan é luadh má gheibhim an chaoi). Do luaidh sé annsan ainmneacha trír nó ceathrair de thaoiseachaibh Éireannach : Kilmaine, Ó hArta, Ó Loingsigh agus Ó Caoimh, agus a thuairim, go hathchumair, ar an gcéim agus ar na tallanna a bhí aca. Dubhart-sa arís go mb'fhearr liom Taoiseach Franncach 'na cheann ar an ngnó agus go bhféadfaí na hoifigigh sin a chur i bhfeadhmannas fé. Do tuigeadh fé dheoidh dom gur ghaibh sé lem thuairim. Le linn an

chómhráidh sin d'fhiafruigheas de cad fáth ná raghadh sé féin i gceannas ar an ngnó. Do fhreagair dá ndeineadh an tairgsint, gurbh é a dhóigh ná glacfadh an Árdchómhairle léi, mar ná féadfaidís déanamh d'á cheal san earnáil mar a raibh sé aca. Thug an chainnt sin chómh fada le tigh an Aire sinn, mar ar scaramar. Tá orm-sa filleadh air fé chionn roinnt laethe agus idir dhá linn tá san chun mo chúrsa-sa a bhreithniú agus fios scéil a thabhairt dom.

'Seadh máiseadh, cad a thiocfaidh de seo ? Nuair a thairgigheas agus d'athchuingheas mé d'fhostadh san arm bhí sé de theorainn dearbhtha agam-sa leis gur i gcómhair an fheachtais go hÉirinn é, ach is í an tseirbhís choitchionn atá anois san scéal. Dá mbeinn gan pósadh ní staonfainn nóimeat, óir níl onóir níos aoirde ar an saoghal, dar liom-sa, ná duine bheith 'na oifigeach i seirbhís Phoblacht na Frainnce ; agus, farais sin, is gnó is annsa liom é. Ach nuair a smaoinighim ar mo chéile agus ár dtriúr leanbh, agus an ceathrú duine, b'fhéidir, fé'n tráth so ann, agus iad ag braith orm-sa chun a gcothaithe, suathann sé mé agus ní heol dom chómhairle cinnte a dhéanamh. Do scríobhas chuici chun teacht do'n Fhrainnc, agus an amhlaidh d'fhágfainn-se ise agus iad-san ag súil le hádh, agus dul mé féin agus buille mo bháis d'fhagháil b'fhéidir cois na dteorann ? Dá mba oifigeach mé ní bheadh ann ach mo dhualgas agus ní bheadh malairt rogha agam ; ach fé mar atá. I seirbhís mo thíre féin, dar liom, ní sheachnóchainn aon bhaoghal a thiocfadh go cóir im shlí, agus, dá dtuitinn, d'fhágfainn mo líontighe fé chomairce an phobail, agus níl amhras agam ná go saorfaí ó'n nganntar iad ; ach níl san i ndán annso dhom. Táim go dian i dteannta. Déanfad machtnamh cheithre lá ar an scéal. Tar éis an tsaoghail dá ndeineadh Captaen ar Dhragúnaibh Franncacha dhíom ba mhór an greann é. "*It is a life I have desired ; I will thrive.*" Is dearbh dá mbeinn gan pósadh go ngeobhainn leis an dtairgsint láithreach, ach eagla an bhaoghail dom chéile agus dom bháibíní beaga, sin é tá am chiapadh go croidhe. Ní haon chuid an tairgsint seo de'n ghnó a bhí leagtha amach agam, ná ní haon chuid dem dhualgas díreach é. Dearbhuighim ná feadar ach oiread leis an gcapall bán cad í cómhairle is fearr dhom. Is deimhin, "*to give a young gentleman right education, the army's the only good school in the nation.*" Ach annsan, Maití ; agus—agus na daltaí beaga ceana. Och ! "*I am lost in sensations of troubled emotions.*" D'á éaghmais sin, ní mór dom rud éigin a dhéanamh, agus go luath, leis, óir "*money, money, money is your friend.*" Cad é ná tiubhrainn

ar mo líontighe bheith annso indiu! Seadh "*Let the world wag.*" Tá cheithre lá fós agam chun machtnaimh. Is dóigh liom go 'nneosad mo dheacraí do'n Chléireach agus cloisfead cad déarfaidh sé. *Allons! Courage!*

Meitheamh 20.—Indiu lá mo bheirthe—táim trí bliana triochad d'aois. Ar an aois sin bhí forlámhas an domhain fachta ag Alastar Mór. Ar an aois sin bhí a chlú saothraithe ag Wolfe agus fuair bás le linn a bhuaidhe. 'Seadh, ní dem chionnta-sa é muna bhfuilim chómh mór d'fhear le hAlastar nó le Wolfe. Táim chómh árd-aidhmeannach le haoinne aca chun glóire ach tá dhá cheataighe bheaga ar a luighead ag teacht im choinnibh—uireasbhaidh tallann agus uireasbhaidh caoi, agus gan leigheas aon easnaimh díobh agam, admhuighim. *Allons! nous verrons.* Má éirigheann annso liom b'fhéidir go gcloisfeadh an saoghal trácht fós orm; agus, rud is fearr ná san, tá de mhéid an chirt san gcúis atá ar m'ionchaibh ná fuil aon ní agam le casadh liom féin. Déanfad dícheall ar bheith chómh hionnraic agus fhéadfad, maidir leis na meoin; maidir leis an gcuspa, sin rud naomhtha—saoirse agus neimhspleadhacht mo thíre ar tosach; deaghthreo ar mo chéile agus ár mbáibíní beaga ceana annsan; agus, ar deireadh thiar, tá súil agam, cáil deaghthuillimh dom féin. Is deimhin liom go bhfuil mo dhícheall mór d'á dhéanamh annso agam fé mar dheineas, go dearbh, ó thúis, deireadh. "*I am not idle, but the ebbs and flows of fortune's tide cannot be calculated.*" Do chuas chómh dian le gach ní annso agus leomhfainn dul.

Do chuaidh sé san gceann indiu agam ná gluaiseochaidh an feachtas so againn-ne go teacht an gheimhridh, má ghluaisigheann ar aon chor, de dheascaibh cabhlaigh Mara nIocht. Tá Howe le bheith i gceannas aca agus seacht fichead long líneagair aige agus táid ag baint préamhacha as talamh ag lorg fear dóibh. Níorbh iongnadh liom dá mb' é an gnó so againn-ne fé ndeara an saothar mór so. Níl amhras ná gur eol do Phitt gach ní d'á mbíonn ar siubhal annso. agus, mo theacht-sa ann, dar ndóigh, d'á shuaraighe mé. B'fhéidir gur le heagla roimh an Spáin é. Tá an-dheallramh ann go bhfuiltar ar tí connradh cáirdeasa a cheangal idir í féin agus an Phoblacht. Pé scéal é, má théigheann cabhlach Mara nIocht chun fairrge, sin deireadh, le linn an tsamhraidh, leis an bhfeachtas, fé mar d'innseas do'n Aire fadó riamh. 'Seadh, beart gan leigheas, foidhne is fearr air. Buaidhfidh Seán ar fairrge ortha go deireadh aimsire, an fhaid fhéadfaidh sé Pádraig bocht a phreasáil chun seirbhíse dho; agus sin scéal go mbím-se d'iarraidh a chur i dtuigsint dóibh (agus

ag Dia tá fhios an dtuigid fós). Dá mbeimís-ne i nÉirinn neimh-spleádhach, níorbh fhada uatha malairt puirt, idir cháirde agus naimhde.

Meitheamh 21.—Buailim gach lá beagnach go dtí na Tuilleries d'fhéachaint an gárda d'á mhalartú. Tá tuairim 400 coisithe ann agus idir 50 agus 80 dragún. Maidir le deallramh agus, gan amhras ar bith, maidir le misneach, is iad na grenadóirí atá i mbun ionaid na dála náisiúnta togha díorma na hEorpa. Ag méadú atá mo mheas ar shaighdiúirí na Frainnce, d'aindeoin a liobarnaighe atáid ní foláir a rádh) i gcúrsaí gleacaidheachta agus éide. Caitheann cách a rogha féin ; ní gábhadh ach gur gorm í an chasóg agus gur hata trí bhfeirc é, agus chonnac d'á iongnais sin féin iad ; 'sé an príomhrud, ámh go bhfuil deallramh na sláinte agus na meanman ortha uile, iad óg, lúthmhar, infheadhma chun oibre. Bíonn cóir *cuibheasach* maith aca ar a gcuid arm, ach ní bhíonn aon phioc de'n ghléineacht gheal san ar airm agus ar ghléasradh aca a chonnac i Sasana. Tá na bagnaití ró ghoirid aca, agus is locht san, agus is éadtroime go mór na muscaedí aca ná ár gcuid-ne. Sáirfhir na grenadóirí atá aca, agus is ádhmharach go bhfuil ag Jourdan 22,000 aca i n-aon tsluagh amháin ar bhruach an Réin. Is aoibhinn leo bheith 'ghá maisiú féin, go mórmór le bláthanna. Ní mór go bhfeicfá foraire gan bláth 'na hata, nó 'na bhrollach, agus, níos minice ná san féin, i mbarraile a ghunna. Is maith liom é sin agus ní fheadar conus, ach go dtaithnigheann san liom. Is dóigh liom go bhfuil leithleachas beag agam leis na Franncaigh, an t-arm go mórmór, mar gurab é plúr na tíre é. Fir bhreághtha na dragúin seo ach ná fuil eachraidh ar fónamh aca, agus gur truagh san ; tá cuma na straoile ortha féin agus ar na capaill, dála na gcoisithe. Ach ní haon bhac é sin ortha ná go ndéanfaidís troid na bhfiadh-chat, agus a fhianaise sin agam ar dhaorshluagh na dtíoránach, atá d'á dtiomáint aca rómpa, a bhuidhe le Dia, thoir agus thuaidh.

Tá sé ráidhte indiu go bhfuil Toscairí curtha ag an Impire ag triall ar an Árdchómhairle, d'á mbréagadh agus chun aimsir a mheilt, ach bhraith an Árdchómhairle an cleas agus dhiúltuigh-eadar aon tsos cogaidh a thabhairt. Do bhí lán an chirt aca. Deintar é léasadh go maith agus beidh sé dáiríribh san eadarghnó síothchána. "*Si vis pacem, para bellum.*" Tá buaidhte ar Sheán san gcéad iarracht a thug sé san gcogadh ins na hIndiaithe Thiar. Do chuir sé 4,000 fear chun Leogane a ghabháil ach d'fhilleadar gan

a dteachtaireacht do réir dheallraimh. Maitheas mór go ndeinidh sé d'á chroidhe bocht, mar is mór é mo ghradam do.

Meitheamh 22.—Drochscéala indiu. Tá stad bainte as Jourdan agus ní ceann suarach é, measaim, agus go raibh air sin dul ar ais thar Réan, agus ar Kléber cúlú go Sieg ar ais. Deir sé ná fuil i gceist ach láithreáin forairí, ach dá mb'i dtaobh leis sin a bheadh sé ní thiocfadh rud chómh mór san as. Tá fir agus cannóin agus stráice tireach caillte againn agus, rud is measa fós, deaghchlú. Is baoghal liom go gcaithfidh Moreau, leis, atá ag bun fallaí Mhanheim, cúlú d'á aindeoin. Is ró-dhona san. 'Seadh "*'Tis but in vain for soldiers to complain.*" Rud amháin, ámh, gríosóchaidh sé Seán Buidhe chun fuadair catha, agus tiocfaidh an Rí i láthair na Pairliméide nua agus caithréim an Impire mar scéal nua aige. An rud ba mheasa leat ní fheadraís ná gurbh é lár do leasa é. Do thaispeáin Madgett dom indiu leitir phríobháideach a bhí fachta aige go haimhdhíreach ó Lonndain d'á innsint do ná raibh coinne le n-a mhalairt ach go dtiocfadh briseadh muinnteardhais leis an Spáin, agus fiú go raibh leitreacha *de marque* d'á gcur amach ag Earnáil an Chabhlaigh i n-aghaidh na Spáineach. Tá súil le Dia agam gur fíor. D'iarr an Cléireach, leis, air ainmneacha aon daoine go mba mhaith leis go bhfostóchaí iad 'nár ngnó-ne, agus is é tuigtar do Mhadgett, ó'n méid atá ar siubhal, go ndéanfar longghabháil i dhá n-áit, ceann san Hollainn agus ceann san mBriotáin—ach ní ghéillim puinn do thuairimí Mhadgett, mar ní ró dhaingean an bonn a bhíonn fútha go minic.

Meitheamh 23.—Do chuas chuig an gCléireach ar maidin agus fuaireas go glionndarach é. Deir sé liom gur tharraing sé mo ghnó go dtí Carnot agus nach miste dhom bheith ag súil le post i n-arm na Frainnce laistigh de mhí. Tá so thar barr! D'fhiafruigh sé dhíom ciaca ba rogha liom bheith san marcraidh nó ins na coisithe Dubhart-sa gur chuma liom agus d'fhágas fé féin ionad d'fhagháil dom san áit b'oiriúnaighe. Deallruighim gur san eachraidh é, " óir captaen groidhe na n-each ní bhaineann de choidhche 'hat."

Dubhairt sé liom annsan go raibh cead aige an méid seo d'innsint dom: go raibh an Árdchómhairle tar éis cinneadh ar an ngnó agus fiú ar an tráth, agus ná raibh fós d'á chur tré 'chéile aca ach conus a dhéanfaí é. Sin scéal fónta ar deireadh. Tar éis a chur i n-úil do an sásamh mór a bhí orm ó'n eolas san, dubhart leis gur mhaith liom a chur i gcuimhne dho an buntáiste thiocfadh as dul i dtír san Tuaisceart, go mórmór ó ba rud é gur de lucht leanúna creideamh

éagsúil a cheapfaimís ár n-arm nua, agus measaim go ndeaghaidh an scéal san go maith i bhfeidhm air.

D'fhiafruigheas annsan de an raibh a lán Éireannaigh príosúnach fós aige, mar gur mheasas go bhféadfaí áis mhaith a bhaint asta dá n-éirigheadh linn dul i dtír. Do gháir sé fé sin agus ar seisean: " Chím go bhfuil fonn ort do chath airm a chur ar bun." Dubhart-sa go dtaithneochadh sé go maith liom bheith i gceannas dhá chéad nó trí aca, go ndéanfaí scor eachraidhe dhíobh le cur mar ghárda tosaigh ar an arm ní hamháin i riocht saighdiúirí, rud dob eol dom a dhéanfaidís le láinmhisneach, ach 'na n-*ecclaireurs* chómh maith, chun an soiscéal a leathadh ameasc muinntir na tuaithe. Do thaidhsigh sé gur thaithnigh san go mór leis, agus do leanas orm agus dubhart dá ndeintaí é sin gur i riocht scor Éireannach a bheidís, agus casóga uaine ortha agus cleití uaine agus meirge uaine aca go mbeadh an chláirseach ann agus caidhp na saoirse ós a cionn. Rug sé greim fiacal air sin agus do chuir orm samhail de'n mheirge a dhearadh dho, mar aon le tuarasgabháil air, agus chuir sé féin síos é sin i bhFrainncis, agus tuigim as san go gcuirfar an meirge d'á dhéanamh láithreach.

Déanfaidh an saoghal go léir (mar atá Maití, agus Máire, agus P.P.) gáire ó chroidhe fé'n gcómhairle cogaidh seo, mar go bhfuil blas an *État Militaires* air, agus cuirfidh P.P., tré n-a mhóirchéill i gcuimhne dhom an cnaipe iomráidhteach úd a cheapas i gcómhair na nÓglach Náisiúnta, agus a dhein oiread san mioscaise i nÉirinn. "*Ach tabharfad go hobann fé isteach agus fágfad ar díth a airm é,*" maille le cur i gcuimhne dho go dtugas mionn solamhanta ná stadfainn choidhche nó go bhfeicinn an cnaipe sin ar bhrollach gach ionair saighdiúra i nÉirinn; agus le linn a ráidhte sin dómh-sa "*gur iaidh Mr. Adams dorn ba lugha toirt ar éigean ná alt cromáin daimh agus go ndubhairt go seasóchadh liom.*" Tar éis sin déanfaidh balbhán de le míchéadfadh ba thruaighmhéileach le feicsint.

Ach ag tagairt do'n Chléireach: d'iarr go dtiocfainn chuige gach cúigiú maidean: agus gheall arís, sular scaramar, go dtógfadh sé cúram mo scéil-se air féin. Measaim, dá dheascaibh seo, go gcuirfear go Lisle ag lorg earcach mé, agus má deintar cuirfead " Bacchus costré ag éigheamh ar an nGrádh d'á chabhair" nó i gcainnt chomónta ionnsóchad Pádraig leis na mná is leis an bhfíon, ó's iad a scaipeann gach brón; agus, ó's eol dom cluas cheoil a bheith aige, bhéarfad bheidhlín, leis, ag triall air. Is clos dom go bhfuil gáiscidhigh Éireannach Sheáin Uí Dhubhghaill (cath a 87) uile go léir ann,

agus ó's ó'n gCorachoill im chonntae féin, cuid mhaith aca, agus gasra maith eile ó Ghlas Mac an Óig agus uimhir nach beag ó Mhutton Lane agus Crooked Staff, is dóigh liom go ndéanfad lámh díobh. Bead im cholonel chómh maith, tá súil agam, le Seán Ó Dubhghaill, cé gur cródha an fear agus gur fónta an t-oifigeach súd.

Le linn dom bheith fara an gCléireach, tháinig Madgett isteach chuige agus an fhaid a bhí sé ag cainnt leis chuas-sa do'n tseomra i n-aice leo. Is é thug é ná chun a mholadh go dtiubharthaí post mileata do'n Eichthighearnach san ngnó so. Ní raibh an Cléireach fonnmhar chuige, dar liom. D'fhiafruigh sé dhíom-sa an raibh aithne ar an Eichthighearnach agam. Dubhart-sa ná raibh ann ach go bhfeaca go hoifigiúil é ar órdú an Aire, ach nárbh eol dom aon ní 'na choinne, agus, maidir le Madgett, go raibh tuairim ana-mhaith agam do, agus gur cheapas, dar ndóigh, ná molfadh sé aon duine mícheart; ná féadfainn, ámh, aon ní a rádh uaim féin, leis ná 'na choinnibh, ach mar bhí luaidhte agam. *N.B.*—Ní maith liom aon díth a dhéanamh do'n Eichthighearnach, ach b'fhearr liom nach é a cuirfaí ag obair i nÉirinn *ar tosach*, mar tá sé *outré*, míchuibheasach 'na thuairimí; agus teastuigheann uaidh *bouleversement* iomlán a dhéanamh ar gach maointseilbh; agus níl tallann ann an díth céille a thabhairt fé ndeara a bhaineann leis an bhfastaoim, agus an mhioscais, gan trácht ar an uireasbhaidh éifeachta, atá san gcóras san aige, má's ceart córas a ghairm de. Tá sé d'á cheapadh agam cosc a chur le n-a fhostadh, agus ceapaim go gcaithfead a dhéanamh. Dob uathbhásach an teagasc é mar thosnú i nÉirinn. Bu mhian liom gach uile ceart a thabhairt do'n Eichthighearnach, ach níor mhaith liom é fheicsint i n-aon ionad mar a bhféadfadh sé mioscais gan teorainn a dhéanamh. Caithfead machtnamh air seo. Dubhart leis an gCléireach go raibh fios curtha agam ar mo mhuinntir, agus go rabhas beartaithe pé ní thiocfadh, ar chur fúm san bhFrainnc.

Meitheamh 24.—"*I've now not fifty ducats in the world.*" Ach léan léir air! nach cuma é: ná fuilim le bheith im oifigeach i seirbhís na Frainnce? Is dóigh go bhféadfainn bheith beagán níos neamh-chaithtighe ach measaim nach mór é. Thugas liom céad Louis do'n Fhrainnc agus beidh lón sé mí bainte agam asta san san am go mbeidh siad caithte, agus, tar éis na mbeart, ní haon rabairne mór é sin. Ar aon chuma "*ní luaithe ag amadán a chuid, ná é imithe uaidh de rith,*" agus ní maith an teist a bhí ar Phádraig bocht riamh, maidir leis sin mar scéal, agus táim-se, i gcúrsaí áirithe, chómh cruthanta

d'Éireannach agus a sheasaimh riamh ar an bPont-neuf. Is dóigh liom go bhfuil mo chosnamh déanta agam chómh maith agus leigfidh cúrsaí an scéil dom é, agus fágaim fé'n saoghal go léir an tógtha orm é glacadh le haon *dedomagement* beag go bhféadfainn teacht air, i láthair a bhfuil d'fhulang déanta agam go dtí so; an áis a bheidh déanta, tá súil agam, dom thír fé dheireadh agam; agus, go mórmór, an t-uaigneas míothaithneamhach neamhshultmhar a ghabhas orm féin i bParis, áit ná dearnas cáirdeas le haon duine ach leis an dream go bhfuil baint, ó fhírriachtanas, aca le leas na hoibre atá ar siubhal againn.

Meitheamh 25.—Tá éitheach damanta ar siubhal le dhá lá, go bhfuil giotaí fobha déanta de'n ghárda tosaigh d'arm Bhuonaparte san Iodáil, tuairim cúig míle déag fear; agus tá raispíní i bParis nach suarach leo iad a bheith gan brón ortha 'na thaobh. Tá bréagnú déanta indiu air go húdarásach ag Buonaparte féin, i leitir atá díreach foillsithe fé dháta trí lá déag 'na dhiaidh sin, agus gan aon tagairt ann d'ósbairt ar bith. Do bhí mo chroidhe tuitithe síos go bonn mo chos ó'n droichscéal agus bhí duairceas thar fóir orm, mar tá gach ní dárab annsa liom i ngeall le hádh na Poblachta, agus b'fhearr liom nimh im bhéal ná iad do theacht chugam ag spalpadh droichscéil dom. "*I am now a little better but very faint still.*" B'fhearr liom go mbeadh mo *bhrevet* fachta agam. Deir Madgett liom go bhfuil órdú ó'n gCléireach aige cúig feara fichead earcach d'fhagháil do fé chionn cúig lá déag le cur i ndiaidh an chúig duine déag eile go dtí Hoche; agus, ag cainnt go deireannach dúinn, dubhairt an Cléireach nach d'Éirinn iad. Cad é an diabhal áite eile gur do iad, máiseadh?

Meitheamh 26.—Téighim gan teip gach lá chun na dTuilleries go bhfeicinn an gárda d'á atharrú; is é ábhacht is mó a dheinim é. Is iad mo rogha iad na saighdiúirí Franncacha, bíodh ná bíonn púdar ná breasal fútha, dála cuid na stát eile san Eoraip. Is minic a bhraithim na deora ag teacht im shúile agus mé ag féachaint ortha. Ní fhéadfadh duine a shamhlú aon dream fear ba bhreághtha ná gárdaí na Dála Reachtúcháin, agus, dála an scéil, is gléasta deighfhearais ar gach slí iad. Ógánaigh dathúla iad uile, sé troighthe ar aoirde agus iad go córach. Fé mar adubhart cheana, tá deallramh oifigeach ortha i gculaith saighdiúirí, agus dar le duine ortha gur mó a chaith maighistir rinnce de dhícheall leo ná a chaith oide gleacaidheachta. Maidir le misneach na bhFranncach saighdiúirí, tá san curtha 'na luighe go maith ar an Eoraip, measaim; d'á aindeoin

sin: "*one Englishman is always able to beat five Frenchmen;*" agus is mór an sólás do Sheán Buidhe é sin. Ní fheadar cad é gotha bheidh ar Phádraig bocht ar an bhfaithche glas. Measaim nach mór a bheidh ar cearr leis. 'Seadh, dá bhfeicinn mé féin uair amháin i nÉirinn, mo chlaidheamh fada lem thaobh, is cóta glasuaine im thimcheall, is peidhre epaulet d'á suathadh ar mo ghuailnibh, "*alors nous verrons, Messieurs de la Cabale.*"

Tá Club na Whigeanna, chím, ag gabháil le cúis na sclábhaithe bochta. Tá scannradh ag teacht ortha, agus ní leigfidh an coinnsias cionntach atá aca dhóibh codladh dhéanamh. Is dócha go ndéanfaidh siad dála uaisle na Midhe, nuair a bhí eagla na gCosantóirí ortha, gur árduigheadar págh na bhfear oibre ó dhá thuistiún go dtí scilling sa ló, ach go dtugadar togha aire, le n-a linn sin, an cíos d'árdú d'á réir ar na botháin, agus ar fhéar na mbó aca, ar chuma nuair a thagadh deireadh na bliana, ná bíodh pinginn san mbreis ag an dtuathanach mí-ádhmhair. Sin é macántacht na Scuibhéirí i nÉirinn. Ní headh! ní hiad súd, ach sinne-ne a chuirfidh feabhas ar shaoghal an lucht oibre, má théighimíd choidhche san dúthaigh sin; sinne-ne bhainfidh an tóirtéis de'n dream mallaithe suarach san, uaisle tuaithe na hÉireann. Ní fheadar ciaca fuath nó droichmheas is mó tá agam dóibh, iad 'na dtíoránigh ar na daoine agus 'na sclábhaithe ag an Rialtas. 'Seadh, ná bím am chur féin chun feirge leo. Níl dearmhad déanta agam, ámh, ar an ionnsuidhe a dhein Mr. Grattan ar mo dheaghcháil, ná an iarracht a thug Mr. Seoirse Ponsonby ar mé chur i mbaoghal báis. Bead, dar liom, ar chéim chómh hárd lá éigin le haoinne de'n dá Whig oirdhearca san. Má bhím, tá súil agam go mbeidh iomchur cóir fúm. Táim fé dheighmheanmain indiu, ní fheadar cad fá. Husá! i gcoitchinne, Vive la République!

Do chuas um thráthnóna chun an Théâtre Feydeau, d'fhéachaint an *Feistin de Pierre*. Tugadh léiriú thar barr air. Is cuimhin liom gurbh ait le P.P. Don Juan. Oidhre ceart é, adeir sé, ar Lovelace. Aisteoir toghtha iseadh Fleury do léirigh an pháirt sin. Is é Lewis an Théâtre Feydeau é, ach ní fiú Lewis bheith 'na *valet de chambre* aige. Is é d'Azincourt an Sganarelle, agus é ar fheabhas. Do chonnac an cluiche sin cheana san Théâtre de la République, agus Baptise agus Dungazon san dá pháirt sin. Is deacair a rádh ciaca is fearr. Is fearr liom-sa im thuairim, Fleury ná Baptise, agus Dugazon ná D'Azincourt. Aisteoirí thar cionn lán an cheathrair aca. Níl ins na coiméideoirí Sasanacha ach beithidhigh le hais na

bhFranncach, ach tá san ráidhte agam cheana míle uair. Do chonnac, leis, le déannaighe an *Barbier de Séville* agus Fleury 'na Almaviva, D'Azincourt 'na Fhigaro agus Mlle. Lange 'na *Rosine*. Aisteoireacht ní b'fhearr ni fhéadfaí a shamhlú. Is é d'Azincourt ba thúisce bhí i riocht Figaro fé mar cheap Beaumarchais é, agus is gleoite an bhean í Mlle. Lange. Tá sí tar éis a lán fear óg a bhánú agus duine aca, go speisialta, fé dhó. Do chonnac ag an Théâtre de la République, leis, *Robert, chef de Brigands*, aistriúchán ar Ropairí Schiller. Is maith le léiriú é, agus is tréitheach é Baptiste i riocht Robert. Is cosúil mé le Muscadin (N.B. Gaige) ag scríobhadh annso i dtaobh na n-amharclann, agus a leithéid eile. Ach cad eile cad déanfad? Caithfead rud éigin a scríobhadh mar chaitheamh aimsire, agus níl a mhalairt ba thábhachtaighe agam. Nuair a bheidh, ní thréigfead ar son na dtaispeántas é. Tar éis gach ní, faghaim-se an opera.

Meitheamh 27.—Lá gruama báistighe, agus gan mé féin ar fónamh agus an dúire am chrádh san diabhal buidhe. Diabhail is deamhain is donas! Allah! Allah! Allah! Raghad amáireach agus labharfad leis an gCléireach i dtaobh mo choimisiúin. Nach mór an scéal é má bhím-se i seirbhís na Poblachta! Déanfaidh san aisíoc liom as ucht bheith im dheoraidhe i bhfad óm thír dhúthchais. Tá sé ag stealladh báistighe anois i n-ainm an diabhail.

Meitheamh 28.—Cuaird ar an gCléireach indiu do réir coinne. Dubhart go raibh dhá rud agam chun trácht ortha: an chéad rud, ó bhí greim anois againn ar an bPápa gur mhaith liom go mbreithneochadh sé arbh fhéidir dúinn é bhréagadh chun scríobhadh go dtí n-a leagáid an Dr. Treo chun a sholáthar go mbeadh cléir na gCatoiliceach i nÉirinn neodrúil, ar a luighead, san ngnó. Do dhiúltuigh sé do-san mar go mb' ionann é agus aithne thabhairt d'údarás an Phápa agus dubhairt gur dheimhin leis ná déanfadh an Árdchómhairle iarratas poiblidhe d'á shaghas; agus, fós, go mbeadh d'á dheascaibh, fios an scéil san Iodáil. Dubhart-sa, gan amhras nárbh aon ghnó chun iarratais oifigiúla é ach chun cómhrádha príobháidigh; agus, maidir le hé innsint ós árd, nár ghábhadh an iarraidh a dhéanamh go dtí deireadh an ghnótha thiar: mar sin féin, go rabhas 'ghá chur 'na láthair mar le rud chun a bhreithnithe; ná rabhas 'ghá thathant air mar ná rabhas ag súil le haon chur 'nár gcoinnibh ó shagartaibh na hÉireann. Dob é an dara rud a bhí le rádh agam go ndubhairt Madgett liom araer go raibh duine ag dul ar toisc oifigiúil go Lonndain, 'na choimisire príosúnach, agus

go raibh ag tathant go dian orm scríobhadh chun mo cháirde ó bhí an chaoi sin agam : ná raibh ráidhte agam-sa ach go ndéanfainn machtnamh air, mar gur tuigeadh dom nár cheart dom beart mar sin a dhéanamh gan é chur 'na chead-san. Go mba mhaith liom é do rádh ciaca scríobhfainn nó ná déanfainn, agus dá ndeininn cad a chuirfinn síos ? Dá ndeininn tagairt do'n ghnó so againn go gcaithfinn iarraidh air oiread eolais a thabhairt dom is ba chóir, dar leis, a innsint, ach ná rabhas i n-aon chor 'ghá theanntú fé'n scéal. Muna bhfaghainn é go mb'fhearr gan aon ní scríobhadh im thuairim, mar gur leasc liom scríobhadh ar chor ar bith, fiú dá mba ghábhadh é agus go mórmór toisc mar bhí agam agus gan ní ar bith agam le rádh ach go rabhas im bheathaidh fé shláinte i bParis. Arsan Cléireach : " Maidir leis sin, is eol dod cháirdibh cheana é." Arsa mise : " Ní fios domh-sa san." Do ráidh súd : " Seadh, ach is feasach mise agus ní fhéadaim a innsint anois duit conus." Do bhí 'ghá innsint dom annsan nárbh fhios do conus d'fhéadfadh níos mó d'innsint dom, " mar," ar sé, " dá n-innsinn a bheag duit do thómhaisfeá an t-iomlán." Tá, do réir dheallraimh, gliocas an tsionnaigh ionnam gan 'fhios dom féin.

Thug sé le tuigsint dom go raibh i gcóimhfhreagairt le hÉirinn agus do thaispeáin páipéar dom agus d'fhiafruigh díom an aithneochainn an scríbhneoireacht ? Níor aithnigheas. Do léigh sé annsin cuid mhaith. 'Sé bhí ann, go cumair, go raibh cheithre conntae déag, agus an Tuaisceart uile san méid sin, cóirithe go hiomlán chun ama Shasana a chaitheamh díobh agus ár saoirse a chur ar bun ; agus san ocht gcinn déag eile go raibh a gcóiriú san ag dul go maith chun cinn ; agus do réir an ghléasta bhí ann go raibh ar na híochtaráin rud a dhéanamh ar a gcuid treoraithe gan aon iniúchadh dhéanamh ar a n-órdaithe ná a fhios aca ciarbh iad na treoraithe, mar ná raibh aithne ag aoinne ach ar an té ba ghoire lastuas de. Gur tuairim 20,000 fear a bhí san militia agus go bhféadfaí dul ar iontaoibh 17,000 díobh san, go raibh ann tuairim 12,000 de'n ghnátharm, iad go haindeis, olc, agus gur luath a socróchaí leo dá dtugtaí fé'n obair.

Do bhí an Cléireach ag greadadh leis ach do stad annso go hobann agus do dhein gáire agus ar sé : " Tá rud annsan agus ní féidir dom a léigheadh dhuit nó raghfá amach ar an scéal." Dubhart leis gan leigean do dheighbhéas é chosc ar dhul ar discréid. D'fhiafruigh sé arbh eol dom an cumann san a bheith ann. Dubhart ná féadfainn le fírinne a rádh go dearbhtha go raibh a fhios agam, ach ná raibh

amhras ar bith agam 'na thaobh ; go raibh bliain díreach ó fhágas-sa Éire, agus nárbh fholáir liom nó deineadh a lán oibre san tír úd san méid sin aimsire, agus go bhfaghadh sé im chuid meamram go raibh tosach curtha ar chumann mar siúd an uair sin ; go raibh sé ag leathadh go tiugh agus gan amhras nárbh fhada go mbeadh na daoine go léir gabhtha ann.

Is greannmhar a chosúile le 'chéile an páipéar a léigh sé dhom agus na páipéir a bhí tugtha agam-sa dhóibh annso ach, ar athmhachtnamh dom air, is ionann an fhírinne choidhche, agus ba ghreannmhaire fós muna mbeadh an scéal céadna ionnta. Tá áthas thar barr orm a fheabhas atá éirithe leis an obair i nÉirinn ó díbrigheadh mise. Chím go bhfuilid ag dul chun cinn go héascaidh agus go haireach ; agus im thaobh féin de, níl aon ní is fearr a thaithnigheann liom ná an cómhaontadh so idir an rud atá ráidhte agus scríobhtha agam-sa agus na cúntaisí a chím atá d'á fhagháil annso aca. Do bhí sé ráidhte san bpáipéar, leis, fé mar bhí agam féin, gur theastuigh airm, adhbhar lámhachta agus gunnaí móra, go dearbh bhí sé chómh cruinn ar gach cuma agus dá mb'é an duine céadna a bheadh tar éis iad go léir a scríobhadh. Do dheimhnigh an méid sin mo chreidiúint-se san bhFrainnc, gan baoghal amhrais.

Dubhairt an Cléireach annsan, maidir lem ghnó-sa, ná raibh ann ach go raibh sé ag fanúint le litreacha ó'n Taoiseach Hoche chun é shocrú ar fad ; gur díorma marcraidhe a gheobhainn, agus go socróchaí an scéal, b'fhéidir, an lá san, gur ar chúram Hoche atá riar na bhfórsaí atá beartaithe a chur ar an bhfeachtas, agus is léir dom as san gur ó'n mBriotáin agus nach ó'n Hollainn a ghluaiseochar Is cuma ciaca ach go ngluaiseochaimís. Do ghabhas mo bhuidheachas leis an gCléireach agus do lean sé air agus d'iarr orm-sa gan an scéal so go léir a luadh le Madgett, mar ná raibh muinghin ar bith aige as a dhiscréid sin (agus lán an chirt aige) ach 'na ionad san, é sheoladh ar bóiléagair, 'ghá leigean orm go dtuigtar dom ná tiubharthar fé'n ngnó i n-aon chor, agus gheallas go ndéanfainn sin. Is mó gáire maith annsan do dheineamar fé Mhadgett, atá go dearbhtha deimhin ar an bP.P. is cruthanta d'á bhfeaca riamh. Níl san "*Cinq*" dar fia ! ach cúigear samhail do-ghní rinnce do-san, agus níl i gCarnot ach ógánach baoth ná bogann a bhéal ach chun na bhfocal a rádh a chuireann súd ann. Is mór an t-adhbhar grinn agam uaireannta é, fé mar tá innste go minic agam ins na meamraim céillidhe inspéiseacha so. Dubhairt an Cléireach annsan gur dócha go bhfeicfaí thar n-ais annso arís mé im Thaidhleoir. Dubhart dá

dtéigheadh ár ngnó chun cinn go rabhas ullamh chun seirbhís a dhéanamh pé ionad agus pé cuma 'na dtuigfaí dom thír go ndéanfainn fónamh di ; dá mba san bhFrainnc a bheadh riachtanas liom go mba mhór agam mar ónóir an bheart san ; ach gurbh é mo thuairim, ó's mé féin an t-aonduine, b'fhéidir, go raibh dlúthbhaint aige le Catoilicigh agus Dí-aontaigh, ó'n mbeart a bhí agam fara dream aca, agus ó'n muinnteardas, ní miste a rádh, a bhí ag an dream eile liom, go gcongbhóchaí i nÉirinn mé, chun spioraid sin an mhuinnteardhais agus an chómhaontaidh, ba róriachtanach do leas ár ngnóthaí, a mhéadú agus a dhaingniú eadrainn.

Ó bhí an chaoi agam, dubhart leis an gCléireach go raibh aisce le hiarraidh agam ar an Árdchómhairle, nuair a bheinn ag imeacht agus b'é é : má thaithnigh m'iomchur annso leo, go gcuirfidís síos air sin i bhfuirm leitre a seolfaí chugam ó'n Uachtarán, nó i bhfuirm rúin, nó i bhfuirm ar bith eile ba rogha leo, d'fhonn go mbeadh deimhniú éigin agam le taispeáint dom chómhthírigh, ar mo chasadh abhaile dom, go ndearna an dícheall dob fhearr a bhí ionnam chun a gcuid órdaithe a chur i gcrích. Dubhairt an Cléireach ná raibh amhras aige ná go ndéanfadh an Árdchómhairle amhlaidh go fonnmhar agus ná raibh ann ach an ceart. Ceapaim féin sin leis, dar ndóigh.

> " Such services rendered, such dangers incurred,
> He himself thinks he ought to be better preferred."

Tá lonntán breágh talmhan annso agam, go glan réidh chun caisleán a thógáil air, ach ní dhéanfad ródheithneas ag cur na cloiche buinn ann. Níl mo choimisiún fachta fós agam, agus beidh sé luath mo dhóthain dom, nuair a bhead im Cholonel, chun bheith ag taidhreamh ar Thaidhleoireacht. " Im Cholonel marcraidhe i seirbhís na Poblachta ! " Nach aisteach thar barr é. Ach, tar éis an tsaoghail, tá sé ag dul i bhfeidhm orm gur neamhchoitchionnta na heachtraithe bhain dom. Bliain go leith ó shin ba gheall crochta dhom é, agus sin anois mé, im cheann ar dhíorma marcraidhe, ar tí bualadh isteach san tír sin mar ar ceapadh nárbh fhiú mé bheith im chómhnaidhe innti. Is greannmhar é. Do bhíodh nithe móra i gcómhnaidhe i dtairngreacht ag P.P. dhom agus ní chreidinn riamh é, ach is deallramhach go bhfíorfar cuid d'á fhaistine. Deireadh sé gur mó éirim aigne bhí agam-sa ná ag ceachtar aca an Pluncéadach ná Burrows agus gur mó d'iomrádh bheadh orm. Maidir leis an éirim aigne, *negatur*, ach maidir le hiomrádh, cuireann an

diabhal im cheann uaireannta go mbíodh an ceart aige. Táim go ríshásta liom féin ar maidin agus a dheimhniú san, measaim, ar na meamraim seo rómham. B'fhéidir go mbeadh m'ainm fé thrácht fós, agus tá súil agam ná fuil, go dtí so, aon asmhuchán le casadh leis. Má thagann san tsaoghal choidhche mise bheith im dhuine mórthábhachta, ná dearmhadaim go bráth dhá rud. Ionnraice lucht an Árdchoiste do dhiúltuigh íobairt a dhéanamh díom-sa ar éileamh Mhr. Grattan, agus an cáirdeas, ní miste a rádh, a bhí ag lucht baile Bhéal Feirste go léir dom le linn mé d'imeacht ar deoraidheacht óm dhúthaigh. Dhá eisiompláir iad san ar sheasamhacht agus ar spioraid le linn cruadhtain ghéir gur díol onóra dhóibh sin agus dómh-sa, agus d'ár n-aicne choitchionn, iad. *Ní dhearmhadfad choidhche iad.*

Tá cruth fónta ar chúrsaí lastuaidh indiu. Tá Moreau gabhtha thar Réan i dtrí n-áit le hais Strasbourg agus ní fiosach mé cad a thiocfaidh de, mar go n-abair Madgett liom go bhfuil seisean tar éis réabhlóid d'ullmhú san Suabia, agus má chailleann Proinnsias bocht, Impire, é sin tar éis Bhrabant agus na Milanach, cad a dhéanfaidh sé? Gan aon amhras is míorbhailteach mar atá na Franncaigh ag cur díobh san slógadh so. 'Sé Dia féin, is áirithe, atá 'ghá stiúradh ar mhaithe le saoirse choitchionn an duine. Ní foláir, dar ndóigh, nó níl sé i ndán d'ár dtír bhocht-ne bheith fé dhaoirse Shasana i bhfad eile. Tá triúr Toscairí mar seo ó mhuinntir Mhilano i bParis, d'iarraidh go gcuirfaí poblacht ar bun agus go scriosfaí tíorántacht na hOstaire. Máiseadh, tá saghas Toscaire, leis, i bParis ag Éire bhocht ar an gcinéal céadna gnótha. Och! Dá mbeadh Sasanaigh ruagtha fé dheoidh as Éirinn, fé mar atá Ostraigh ó Mhilano! 'Seadh cá bhfios d'aoinne? Ach mo chiapadh an cabhlach damanta san aca! Agus nách suarach an dream rascailí sinn-ne, gurab iad Éireannaigh atá ag seasamh an chatha ar son na namhad, agus sinn ag ceangal na nasc orainn féin d'ár ndeoin. Is é an scannradh é!

Tá ráfla ann indiu go bhfuil na Piedmontaigh ar ceannairc ós árd, gurbh éigean do Rí na Sairdíne teicheadh ó Thurin, agus anacal d'iarraidh fé bhrat na Frainnce i gConi, ceann dá dhúnta féin, tráth. Ní scéal é ná féadfadh bheith i gceist. Mar sin tá an saoghal go léir 'ghá scaoileadh féin, ach Eire amháin; agus, d'á aindeoin sin, mar adeirinn féin riamh le P.P., "*is sinn cine is ródha san Eoraip gan amhras.*" B'fhearr liom go bhfeicfinn cuid fós de, ámh. Máiseadh b'fhéidir go bhfeicfinn ar ball beag. "*I hope to see a battle yet before I die.*"

Ach tá díth céille ar siubhal agam. Casaimís ar an gCléireach, Taoiseach. Dubhart leis go raibh géarghábhadh le duine éigin a chur go hÉirinn, láithreach, chun a innsint do dhaoine annsúd cad a bhí ar siubhal. Dubhairt sé gurbh iongnadh leis nár imigh an tEicthighearnach. Dubhart-sa ná raibh an eacmhaing aige, nár íoc an Rialtas fós an riaráiste bhí ag dul do. Dubhairt an Cléireach, maidir leis sin, nárbh eol do pioc, ach, maidir leis an méid ba ghábhadh chun a thurais go bhféadfadh é fhagháil láithreach. Dubhart-sa gur tuigeadh dom gurbh olc an discréid dul chómh fada agus chuaidh an tAire le hiontaoibh as an Eichthighearnach, fiú órdaithe féin a thabhairt do, agus briseadh leis 'na dhiaidh san. D'aontuigh an Cléireach liom. Agus go deimhin is aisteach an gnó do De La Croix é, ach, d'á aindeoin sin, níl aon chathú orm gan Ó hEichthigheirn a bheith ag dul go hÉirinn. Do thuigeas ó fhocal a shleamhnuigh ó'n gCléireach, go mb'fhéidir go mbeadh sé féin ar an bhfeachtas. Tá gaolta dho annso i seirbhís na Frainnce, agus duine aca, ar a luighead, ag dul go hÉirinn, agus dubhairt an Cléireach nárbh fhios do cad é an taobh 'na raghadh a thuille aca atá i nÉirinn; "*ach is dóigh liom*" ar seisean, "*nuair a chífid siad Elliot* (a cholceathar) *im' theannta-sa gur maith an dóigh go dtaobhóchaidh siad linn-ne.*" Do mheabhruigheas na focail '*im theannta-sa*,' ach níor bhacas le n-a cheistiú. Beidh léiriú an scéil féin le fagháil sula fada. Dubhairt sé gur ceapadh an plan do Mhoreau do ghabháil thar Réan leithbhliain ó shin ag an Árdchómhairle, agus nár scéitheadh riamh ar an rún. Is iongantach san. Maidir le n-ár ngnó-na is ionann é agus an rud adeir na Franncaigh: "*Le secret de la Comédie*" ach níl leigheas agam-sa air sin.

Meitheamh 29.—D'innis Madgett indiu dom go gcualaidh sé ó Dhuckett, bligeárd cruthanta airighim, a fuair mar scéal é ó Mhr. Morin éigin nach eol dom a thréithe, go bhfuil dhá fheachtas le dul go hÉirinn, ceann ó Fhlushing fé'n Taoiseach MacDómhnaill, Éireannach, agus ceann eile ó Bhrest fé'n Taoiseach Hoche. Dubhairt Madgett go ndearnaidh iarracht ar Duckett a chur ar seachrán eolais le n-a rádh nár chreid sé focal de'n scéal, ach ná géillfeadh Duckett. Le fírinne, tá deallramh ar an scéal gur mar sin atá; ach is mór go léir an crádh é an scéal a bheith 'na chómhrádh dighe ag leithéid an Duckett seo. Dála an scéil do scaoil De la Croix chuige sin a raibh d'eolas aige ráithe ó shin, agus a dhamaint go ndeintar d'á chionn san; ar ádhmharaighe an domhain ní heol do aon ní fé láthair, measaim, agus mar sin déanfaidh ceilt ar an rún, is dóigh.

Níor leigeas le faillighe é gan Madgett a sheoladh beagán ar fiarlaoid uaim féin de bhrí na cómhairle thug an Cléireach indé dhom. Dubhart go rabhas tinn, tuirseach ag feitheamh nuair ná feaca aon ní d'á dhéanamh, agus gurbh é chreideas ná déanfaí pioc; go mb'fhearr liom mo líontighe bheith san bhFrainnc agam, agus mé lonnaithe fé shuaimhneas i mball beag éigin agus mé scartha fé mhaise leis mar ghnó. D'iarr sé orm gan dul ar éadóchas, ach b'é mo thoradh-sa air sin mo cheann a chrothadh go fáthchiallda, dála Tighearna Burleigh, agus leis sin do scaramar.

Táim i dtaoibh indiu lem chúig Louis deiridh, agus gur mór an scéal grinn sin dómh-sa. Is tráthúil an teacht é ag an gcipe sin chugam, má gheibhim chuige é. Ach do'n diabhal le hairgead, is gráin liom machtnamh air; ach níl déanamh aon ní d'á iongnais, san ngleann so na ndeor. "*Effodiuntur opes, irritamenta malorum,*" fé mar adeir Lilly léigheanta 'na leabhar gramadaighe. Má's amhlaidh é ní fada uaim-se slí mór na sobháilce, mar gur róghairid nó go saorfar mé ó gach cathú chun uilc. Ach do'n diabhal leis maidir liom-sa, mar adubhart cheana le ró-ábhacht. (Gabhann) "*Oh, money, money, money is your friend.*" "*Passion of my heart and life, I have a greater mind for to cry.*" (*Gabhann*) "*When as I sat in Pabylon; and a thousand vagrant posies,*" ⁊rl., ⁊rl., ⁊rl.

Iul 1.—(Gabhann le móirmhisneach) "*Oh! July the first in Oldbridge town, there was a grievous battle.*" Ní mór an gaisce dheineamar an lá san, agus sin í an fhírinne. 'Seadh, is cuma é, an rud a bhíonn, bíonn sé, ach caithfeam aire thabhairt go n-éireochaidh níos fearr linn an chéad iarracht eile; ar aon chuma, bhí feabhas orainn bliain 'na dhiaidh sin i nEachdhruim agus dheineamar cosaint feilimeanta ar chathair Luimhnighe. Ach seo stair chogaidh na hÉireann d'á scríobhadh agam i n-ionad aire thabhairt dom ghnó féin. Is é brí mo scéil (go maithidh Dia an t-éitheach dom) *gur sinn-ne gan gó an cine is cródha san Eoraip uile.* Tá, ámh roinnt d'fhearaibh calma thall is i bhfus i n-arm na Frainnce, ach fágaimís marbh é sin. *Nár fhaghad-sa bás go bhfeicead cath d'á léirchur;* husá! do chách i gcoitchinne!

Iúl 2.—Níor fhág an Cléireach a sheomra, ná a leabaidh, measaim, le cheithre lá; tá sé lagaithe ó'n síorobair 'na bhureau. Moill beag é sin ar mo ghnó-sa. Do chonnac a aid-de-camp indiu agus duhbairt sé, ar a órdú súd, " go raibh súil aige cainnt liom umanathar go mba mhaith leis labhairt liom ar ghnó mórthábhachtach, gnó'

go gcaithfeadh sé duine eile fheicsint leis, 'na thaobh, agus nuair thiocfaimís le 'chéile go socróchaimís rudaí áirithe," ⁊rl. Gothaí meallta é seo ó'n aid-de-camp; nó an amhlaidh gurab é siúd a shlí sin chun cainnt an Chléirigh a rádh "*else, why do we wrap the gentleman in our rawer breath?*" Buachaill breágh, ámh, iseadh mo chara Fleury agus, gan amhras, dhéanfadh sé troid le fiadhchat. Agus dála an scéil, bíodh a fhios ag na léightheoirí (mar atá P.P., Máire agus mo chéile cumainn) go bhfuil athghairm d'á dhéanamh agam ar gach ní d'á ndubhart go dtí so ins na meamraim seo ar mhíomhaithe leis an gCléireach, Taoiseach. Ní headh. Is bréag dom é! Is bréag dom é! "*He is a tall, handsome proper young man, with a face like a cherubim.*" Ba mhaith liom a scriosadh amach gach abairt cháinte 'na thaobh, ach ar athsmaoineamh dom fágfad ann iad ar mhaithe lem chuimhne chun ná tugainn breith bhrostaithe ar aoinne arís. Le fírinne is iad Ó hEichthigheirn, Ó Súilleabháin agus Madgett féin, ach go mórmór an chéad bheirt, d'iompuigh 'na choinnibh mé, óir táim féin go "*móraigeantach, saonta, sochreideamhach*" mar adeireadh P.P.; agus, maidir leo súd, bíodh nár mhaith liom a rádh go bhfuil taithighe ar an gceilg aca, is róchleachtach ar lucht cóimhcheilge le fada annso iad, agus sin leathscéal ar a son. Pé scéal é táim tar éis an t-aon leorghníomh im chumas a dhéanamh le hathghairm mo cháinte air ar fhód a thugtha. Ní dheaghaidh a ndubhart-sa, ar mhíomhaithe leis, thar duilleoga an leabhair seo amach. Is fial san, dar liom.

Iúl 3.—Chím indiu go bhfuil cabhlach na Mara nIocht d'á ullmhú ag Spithead, long agus fiche líneagair a líon (damaint is báthadh ortha) agus ní fios cá mhéid Aimiréal; ná fuil na longphuirt curtha ar bun fós i nÉirinn, ach go bhfuil neamhmeon d'airm agus de lón lámhachta d'á mbreith i n-aghaidh an lae innti, mar aon le puible agus le gléasradh longphuirt. Taithnigheann san liom mar go bhfuil coinne agam gurab amhlaidh a bheidh, san deireadh, gur ar ár son-ne atá Seán Buidhe ag cur an chostais agus an duaidh sin air féin. Chím, leis, go bhfuil beirthe ag na Sasanaigh ar thrí cinn de na frigéidí ab fhearr a bhí againn-ne, iomlán scuadrúin ruaigéascaidh a cuireadh ag loingseoireacht ar chnapthonna Mara nIocht. Tá so go diail dona; ach ar an taobh eile tá na Franncaigh mar a bheadh diabhail ó Ifreann 'ghá gcosaint féin i St. Lucie; sin scéal maith. Tháinig scéal indiu, leis, ar bhuaidh eile ar an Réan ag Moreau, "*but this gentleman will tell you the perpendiculars,*" mar nár foillsigheadh fós iad. Tá súil agam gur fíor é. *Vive la République!*

Iúl 4.—Do chuas indiu ag triall ar an gCléireach; níor fhág a sheomra fós, ach chonnac Fleury, a aid-de-camp, a thug scéal mar a dhein cheana, chugam go raibh súil ag an taoiseach le duine eile d'fheicsint chun mo ghnó-sa réidhteach agus d'iarr orm teacht chuige umanathar. Do scríobhas nóta deighbhéasach grádhmhar chuige, d'á athchuinghe air gan moill a dhéanamh agus thugas do Fhleury é, agus d'imigheas. Maisle ar gach moill aca, táim bréan díobh.

Teastuigheann uaim dul go malairt lóistín. I dtigh le *bossue* beag (cruiteachánach) 'seadh tá cómhnaidhe orm agus b'áil léi sin go raghainn do'n leabaidh léi, ach ní raghad, ní leigfeadh m'ionnraice dhom é, agus tá sí, d'á bhrí sin, míchéadfadhach agus í go doriartha uaireannta. Chun na fírinne féin d'innsint, ní haon ghaisce mhór dom mé dom chosaint féin uirthi mar tá sí chómh cam le hadhairc reithe (agus gur feilimeanta an tsamhlaoid é sin) agus í go feille-ghránna, farais sin. Leaghadh Dia uirthi, an ruidín súghaigh, táim cráidhte aici. *"I will not march through Coventry with her, that's flat."*

Thairis sin, chím indiu nuacht oifigiúil (leitir Bhuonaparte) go bhfuil sos cómhraic fógartha ag Rí Napla, agus é ag breith a thrúpaí ar fad leis ó arm Bheaulieu, rud a dhéanfaidh díth mhór do'n duine uasal san, go mórmór maidir le marcraidh; tá an dála céadna d'á dhéanamh aige le n-a chuid luingeas ó Hotham san Meánmhuir, rud a dhéanfaidh árdú meanman do Sheán Bhuidhe; agus, rud eile fós, tá Prionnsa Pignatelli curtha aige go Paris ag réidhteach chun síothchána leis an Árdchómhairle. Taithnigheann san go seoidh liom. Cuirid na Franncaigh d'fhiachaibh ar an namhaid i gcómhnaidhe teacht go Paris chun eadarghnó dhéanamh agus, d'éaghmais na buaidhe, tugann san buntáiste rímhór dóibh. Tá súil agam go ndéanfaidh siad síothcháin chómh maith agus chómh díomsach leo agus dheineadar le Rí na Sairdíne. *Imprimis,* tá súil agam go ngeobhaid siad an cabhlach, tá géarghábhadh aca leis.

Chím, leis, go raibh ar an bPápa géilleadh fé dheireadh, agus go bhfuil sos cómhraic d'á thabhairt ag Buonaparte do. Tá taidhleoir aige siúd leis d'á chur go Paris ag déanamh réidhtigh. Is maith an gasra de thaidhleoirí Iodálacha atá anois annso. Deir Sailicetti, 'na leitir chun na hÁrdchómhairle, nuair a bhí sé ag ceapadh coingheallacha sealadacha do'n Phápa, nárbh é a dhearmhad gan feidhm a bhaint as an scannradh atá ar fuaid na hIodáile uile roimh arm na Frainnce; agus dar ndóigh san gan amhras; cia cheapfadh a

mhalairt do. Tá áthas croidhe orm go bhfuil an seanShagart féin fé thobhach cánach san deireadh. Is mó céad bliain atá sé féin agus na Pápaí tháinig roimhe ag creachadh na hEorpa uile, ach tá lá an díoltais buailte linn fé dheoidh ; agus fós, ní lugha ná a dhóchas atá agam ná fuil ach tosach athtuirse san méid seo dho. 'Seadh caithfead a bhreithniú an bhféadfaimís aon áis a bhaint as d'ár ngnó féin, fé mar chuireas i gcluais an Chléirigh cheana féin.

Táthar 'ghá rádh, leis, le deimhnitheacht, go bhfuil na Franncaigh tar éis Leghorn do ghabháil gan freasabhra. Ar iomad fáth tá súil agam gur fíor é ; agus ortha san áirmhighim go mbíonn de ghnáth ag Seán Buidhe rolla nó dhó de mhínéadach, agus roinnt de bhearta gréithre, ar coimeád ann aige, agus b'fhéidir go mbeadh gnó ag an bPoblacht díobh; agus ó tá dlithe céillidhe daonnachtúla déanta aige, i dtaobh sealbhachais na bhFranncach agus na nDuitseach, ba mhaith liom a fheicsint conus a thaithneochaidh leis coigistiú a dhéanamh ar a chuid féin. Ní heol dom cá bhfaghaidh sé lón agus uisce d'á chabhlach san Meánmhuir anois, muna bhfaghaidh insa ríocht i gCorsic é agus, do réir dheallraimh, níl de limistéir leithid fé sin anois ach Bastia agus a chómharsanacht. Do bhraith Sir Gilbert Elliot, Ionadaidhe an Rí, nár réidhtigh aer na Corsice leis agus, mar sin, d'imigh sé leis go Sasana ar mhaithe le na *shldinte*. Níor mhiadh ná níor mhaise é, dar ndóigh, go leagfadh Poblachtánaigh ná méirligh lámh ar fhear ionaid an Rí. Cad é ná tabharfainn ach an galar céadna do bhualadh ionadaidhe eile leis an Rí naomhghradama céadna go hobann ! 'Seadh tagann gach maith le cáirde, is maith an scéalaidhe an aimsir. Ní airighim aon ní i dtaobh na buaidhe rug Moreau agus a luadhas i meamram an lae indé, agus is dóigh, mar sin, gur scéal ró luath é.

Iúil 5.—"*Twas a sad rainy night but the morning is fine.*" Ní mó báisteach a thuiteann i nÉirinn measaim má mar thuiteann i bParis, agus marbhuigheann san me. Táim dom ithe ó mhaidin leis an gcanncar, agus níl an gnó socraithe leis an gCléireach fós agam agus tá gach ní am chrádh. An *tAm !* An *tAm !* Níor bhraitheas riamh im shaoghal an *taedium vitae* go dtí le dhá mhí nó trí, ach táim ag fulang do dalbaidhe fé láthair, agus sin í an fhírinne. Machtnuigh air ná fuil ar an nóimeat so, fear, bean ná páiste a bheadh fé mhéala dá gcrochtaí mé, ar mo shon féin, pé scéal é. Ní miste a rádh gurab iad an Árdchómhairle an cómhgas is dlúithe agam, gurab é Charles De La Croix mo rogha thar deich míle fear agus an Cléireach, Taoiseach, mo chara cléibh ; tá urraim agam

dóibh uile, go deimhin, agus is maith liom go maith iad, san uile chúinse, ach b'fhearr liom uair a chluig fara P.P., ag breastaidheacht, ná seachtain i dteannta aoinne aca, muna mbeadh, i gcómhnaidhe síor, an gnó a thug annso mé. Ní chuirim i n-aon chor i bhfáth bheith i n-iongnais cuideachtan mo chéile cumainn agus ár muirir bhig, mar ní fhéadfaí a ndiongbháil de mhalairt d'fhagháil dom. 'Seadh, má bhím-se choidhche i bParis thar n-ais im Thaidhleoir d'Éirinn, déanfad aisíoc liom féin thar ceann an tseanchruadhtain; "*I will, by the God of War*," agus bhéarfad P.P. annso, leis, liom agus tabharfad togha Burguinne le n-ól do, *ad libitum*, agus Maití agus Máire, agus rachaidh sé féin agus mise chun an ceoldráma le chéile agus beidh an sonas i n-aghaidh an lae orainn. "*Visions of glory, spare my aching sight.*" Sárthógáil ar chaisleáin é seo agam, ach cad é eile ab fhearr atá le déanamh agam mar chaitheamh aimsire. D'á shuaraighe iad na meamraim seo is mór an ní liom-sa iad, mar le linn bheith 'ghá scríobhadh dhom, measaim i gcómhnaidhe gur ag cainnt le P.P. bhím agus lem chéad míle grádh. Dob fhearr liom, ámh, go mbeadh mo choimisiún agam. Is fada liom go bhfeicim mé féin gabhtha san éide. (Gabhann) "*Zounds, I'll soon be a brigadier.*" Nach toghtha san.

Tráthnóna, a 5 a chlog. Ní gan cúis a bhíos fé anuamhan ar feadh an tráthnóna. Ar an 26adh lá de Bhealtaine scríobhas go dtí mo bhean agus an Ruadhánach agus an Dr. MacRághnaill i dtaobh aistrithe mo mhuirghine do'n Fhrainnc gan mhoill; agus indiu is é chím i bpáipéar Sasanach a thug an Súilleabhánach dom go rugadh an *tArgus*, an t-árthach Americánach ar a raibh mo leitir, isteach go Plymouth ar an 25adh lá de Mheitheamh agus go bhfuiltar 'ghá coimeád ann. Nach suairc é sin mar scéal! Sin cuimil-a'-mháilín déanta dem ghnóthaí príobháideacha-sa, agus tá an fhearg go ró mhór am dhalladh ar láthair na huaire chun slí réidhtigh a aimsiú. Maidin indiu féin bhíos 'ghá áireamh go mbeadh mo leitir ag mo mhuirnín mná i gcionn coighcíse. Nach é an crádh thar fóir é. Sin é toradh an chonnartha le hAmerica, ach is danardha an scéal é gurab é mo líontighe beag-sa atá thíos leis. Féach an meas atá ag Sasana ar na cúig stríoca déag san aca! Táim i dteannta thar fóir ag an gcúrsa so; ach rud amháin is maith liom: i ngach leitir 'dár scríobhas ní mór gur chuireas síos oiread agus focal amháin tagartha do Pholaitidheacht ná do'n ghnó thug annso mé; agus adhbhar seachráin an méid sin féin, mar nuair a scríobhas bhí cuma dúr ar gach rud. 'Seadh, seo mé anois de'n dara huair fé chomaoin

uilc ag an duine sin Seán Buidhe. Do ruaig sé as mo thír dúthchais ar dtúis mé, agus seo anois é 'ghá chosc orm mo líontighe a bhreith liom do'n Fhrainnc ; agus an dóigh leis go ndéanfad-sa dearmhad air sin ? Ní baoghal go ndéanfad ná ar an iarracht a thug sé ar mé phreasáil im mhairnéalach ar an tslí go hAmerica dhom ach 'oiread. Ach cá tairbhe mallachtú ná spalpadh mionn. Tá de mhéid m'fheirge ná féadaim scríobhadh a thuille. Níl 'fhios ach ag Dia anois cathain a gheobhaidh mo mhuinntir mo chuid leitreacha nó an bhfaghaid go bráthiad.

Iúl 6.—Do chonnac an Cléireach ar maidin. Tá sé nach mór ar ais 'na shláinte, agus deir sé ná fuil de mhoill ar mo ghnó-sa ach uireasbhaidh an Taoisigh Hoche ; go bhfuil súd ag teacht aníos ós íseal go Paris chun dul ag cainnt leis an Árdchómhairle ; ar a theacht san go socróchar gach ní ; go gcaithfar mise a chur i n-aithne dho agus go gcaithfead fios scéil a thabhairt do agus, b'fhéidir, filleadh 'na theannta go dtí an t-arm mar a mbeadh gábhadh liom. Tá so go léir go rímhaith. Beidh áthas orm mé chur i n-aithne do Hoche ; tá deallramh gnótha dáiríribh ar an scéal. Dubhairt an Cléireach, leis, gur theastuigh uaidh go mbrostóchadh an Aire Cogaidh lem choimisiún-sa láithreach, ach gur cheap Carnot go bhfanfadh sé le Hoche. Dubhart leis gur chuma liom-sa san agus d'iarras air a innsint dom cathain a bhí súil aige le Hoche. " Gach lá," ar seisean.

Do tharraingigheas chugam annsan an treo bhí orm i gcúrsaí airgid ; go mbeinn gan náda i gcionn cúpla lá nó trí agus go rabhas ag braith air féin chun mé chosaint ar dhul i dtranglam. D'fhiafruigh sé dhíom an bhféadfainn an fód a sheasamh tamall beag eile. Dubhart ná féadfainn mar ná raibh aithne ar neach agam i bParis ach ar lucht an Rialtais. Do thaidhsigh dom gur bhain san stad as, rud a chuir i n-úil dom nach fé airgead is treise iad san am so. An diabhal go mbeiridh uaim é ! Is deimhin go mb'fhearr liom ná beadh giní riamh ar an saoghal. Agus seo annso mise agus gan de chiste san tsaoghal agam ach dhá Louis agus mé i n-eadarghnó le Rialtas na Frainnce agus ag ceapadh réabhlóidí ! Ní miste a rádh ná tárlaidh a leithéid riamh cheana.

"*Crescit amor nummi, quantum ipsa pecunia crescit.*" Ní fíor san maidir liom-sa ; mar is amhlaidh atá mo dhúthracht-sa ag fás do réir mar tá mo mhaoin ag trághadh. Is mé, dar liom, an Taidhleoir is boichte san ló so i bParis ; ach táim-se beagbheann air sin. Husá ! *Vive la République !* "*When Christmas comes about again,*

oh then I shall have money." Nach ainspianta an díth céille atá d'á scríobhadh agam, *mais c'est égal.*

D'innseas do'n Chléireach an mísheoladh bhain dom leitreacha, mar bheart réamhaire i n-aghaidh imnidhe éigin ainiúil a bhraitheas orm. Nárbh ádhmharach dom nár luadhas focal ar éigean dem ghnó le haoinne. 'Seadh, a Lazaruis Hoche, b'fhearr liom ná an saoghal tú bheith tagaithe. Seo annso mé "i lúib ceiste is i bpoll amhrais" ag feitheamh led theacht. Och! Och! tá m'anam d'á ithe le himnidhe agus le leadrán dóchais. Agus, farais sin, seo chugam an dealbhas agus is uathbhás liom a chruth. "*Ó cives, cives, quærenda pecunia primum.*" Éireochad as, dar liom, feasta, leis an athchuinghe truaighmhéileach san chun na Riarthóirí cathardhach.

D'óbair dom a dhearmhad a innsint nuair d'fhágas an Cléireach gur shuidheas fúm i seomra lasmuich, agus gur scríobhas nóta 'na chómhair d'á rádh leis congnamh, do réir mar tuigfaí dho ba chuibhe, d'iarraidh ar Charnot dhom; agus dubhart, aon airgead a tabharfaí dhómh-sa go gcaithfaí a mheas 'na airgead ar chúntas phoiblidhe agus go mbuailfinn arís chuige umanathar. Brúghfad fúm go dtí sin gach míshásamh, "*and in this harsh world draw my breath with pain.*" B'fhéidir fé'n am san go mbeadh tagaithe mo chara Lazarus, "*nach marbh atá ach 'na chodladh suain.*" Is mór an greann é, dar deimhin, "*vu les circonstances actuelles,*" mise bheith i ndíth airgid.

Dubhairt an Cléireach liom go bhfuil Jourdan gabhtha thar Réan athuair ag Neuwied agus go rug buadh eile. Tá scéal deimhnithe i dtaobh buaidhe Mhoreau. Tá gabhtha anois thar Offembourg aige agus deighilt curtha aige idir Wurmser agus an Áirddiúic Caireall. *Vive la République!*

Iúil 7.—D'fhonn scléipe agus le hintinn bheith scartha le beagán dem fhlúirse airgid, chuas araer chun an Opera, mar a dtéighim, dála an scéil, go rimhinic, agus is ag dul i gceanúlacht atáim ar an taispeántas san. Ní fhéadfaí aon ní, d'á chinéal féin d'fhagháil a sháróchadh ar fheabhas an léiriú a deineadh ar *Œdipús i gColonn.* Tragóid Ghréagach i n-iomláine é, tré mheoin ceoil. Is é Adrien Œdipús; agus Rousseau Polyniceo; Lays, Theseus agus Madam Cheron Antioghoine. Tá sé feicithe anois agam dosaon uair, measaim, agus gach turas mé níos sásta ná a chéile agus gur rud annamh é sin a rádh le hOpera. Ní abróchainn ná gurab é Œdipús Adrien an iarracht is fearr aisteoireachta d'á bhfeaca riamh i n-amharclainn at bith, is cuma cad é. Cuireann sé Kemble i gcuimhne dhom go

minic, ach is fearr é Adrien. Is aoibhinn an bhanaisteoir í Madam Charon ; bíodh nach bean álainn í tá sí spéiriúil. Le Deserteur an ballet a bhí ann, ní atá feicithe agam, ní fios an mó uair. Is é sár-bhuaidh Ghoyon i Montauciel í, agus Mhillot san "*Grand Cousin.*" Is aoibhinn é bréagshamhlaidheacht na hamharclainne, "*It soothes my soul to mortal anguish,*" mar adeir P.P. ; muna mbeadh é conus a bheadh agam-sa i bParis. Is dóigh liom go raghad anois agus go dtiubhrad íde béil ar Mhunroe i dtaobh gabháil an *Argus* agus mísheoladh mo chuid leitreach.

Do chuireas uair a chluig díom fara Munroe agus taithnigheann liom go mór. D'ólas buidéal fíona fara Madgett tráthnóna ag na Champs Elysées, agus sinn ag dosaireacht. Dúr go leor, dar fia !

Iúil 8.—D'fhiosruigheas an Cléireach. Deir sé go dtairngeochar mo choimisiún-sa i gcionn dhá lá nó trí. Do ghabhas mo bhuidheachas leis. Chómh luath agus gheobhad é caithfead dul ag triall ar Charnot chun buidheachas a ghabháil leis. Do shocruigheas leis an gCléireach chun bualadh chuige gach 'ra lá gan teip. Níl Lasarus tagaithe fós, léan léir air ! Chómh luath agus thiocfaidh tá ar an gCléireach a chur i n-úil dom. Is iongnadh liom an neambuaireamh atá orm i dtaobh an díorma san atá im chómhair, ach sin é mo mheon. Is dearbh liom dá ndeintaí impire dhíom ná hárdóchadh sé mo mheanma aon phioc, bíodh gur soghluaiste go leor mé ar phoinnti áirithe. An fearrde nó an miste mé é sin ? Dona is duais orm-sa, má fheadar. Is cuma é ; "*Je suis, comme je suis,*" agus ní beag san im thaobh féin go fóill.

Tá fachta ag Moreau rud go dtiubhradh náisiúin eile buaidh air, ach nach beag linn-ne a rádh ach gur buntáiste é. Do bhain na trúpaí Franncacha amach barr na binne is aoirde ar na Dubh-shléibhte, agus ghabhadar de'n ruaig sin an cladh-dhún ann, agus b'é an Taoiseach a bhí ortha, "*whose name I know not, but whose person I reverence,*" an chéad duine do léim san bhfosadh isteach. Cuimhnigh air sin, a Mhr. le Colonel. An té bheidh 'na cheann ar thrúpaí Franncacha, níor mhór do féin bheith calma ; agus farais sin, beidh clú onóra m'fhóid dhúthchais ag braith orm. 'Seadh, déanfad mo dhícheall. 'Sé Horne Tooke adubhairt, agus a chúis aige, nach fé órdú a thabhairt amháin ba mhaith na Taoisigh Franncacha, ach fé dheaghshompla thabhairt d'á bhfearaibh. Is sáruasal iad gan aon agó, agus sin í an fhírinne. Go leigidh Dia go ndéanfaimís-ne aithris ar a nglóire. Ach ní baoghal ná go ndéanfam.

Ba dhual d'Éireannaigh bheith calma, agus tá cuspa thar barr acu chun troid a chur d'á chionn.

Chím ins na páipéir go bhfuil órdaithe ó liaigh ag Lady Elliot dul go fothraighe Lucca toisc gan aer na Coirsice do thaithniúint léi-se, leis, ach oiread le n-a céile. Drochthuar é na haistrithe sin do'n ríocht san na Coirsice. Chím, leis, go bhfuil an tImpire bocht ag éileamh cabhartha ar Bhainimpire na Ruise agus, grádh Dé! cad í mar chabhair atá tugtha aici dho ? Forógradh a chuir sí ag triall ar mhionphrionnsaí na Gearmáine, d'á iarraidh ortha san, na diabhail bhochta! teacht i gcabhair ar cheann na hImpireachta, agus d'á rádh leo *gur mór an náire dhóibh gan cabhrú níos fearr leis ; agus, maidir léi féin, gur iongnadh mór léi iad*, ⁊*rl*. Tar éis sin is uile is mó is galánta uaithi é ná forógradh Bhrunswick, ach ní mheasaim gur mór d'á rian a chífear ar arm an Réin ná ar arm Shambre agus Meuse.

Ach ní hé siúd ach ár ngnó-na féin. Do chuireas an Pápa i gcuimhne do'n Chléireach, agus d'innseas do gurbh é an Cardinéal Antonelli an Leagáid i gcómhair na hÉireann ; agus, dá n-éirigheadh linn go glic leitir d'fhagháil uaidh chun an Dr. Treo, go mba mhór an áis dúinn ar ball é, b'fhéidir.

Dubhairt an Cléireach go ndéanfadh machtnamh air. D'innis dom, leis, go raibh Frainncis curtha ar mo ghairmscoile-se le n-a chur fé bhrághaid na hÁrdchómhairle. Má ghlacaid leis is promhadh deimhnitheach é ar ionnraiceas a gcuid prionsabal i dtaobh na hÉireann, mar gur chuireas-sa an focal ba threise ar m'eolas ar gach ní ann ar mhaithe linn féin, gan coingheall ar bith ann maidir le haon chúiteamh leis an bhFrainnc, ach gach ní d'fhágáil fé éirim chirt agus onóra agus bhuidheachais mhuinntir na hÉireann. Dar liom is é slí is fearr do'n Fhrainnc féin é agus, d'á bhrí sin, tá súil agam go ngeobhaid leis an ngairmscoile seo agam-sa.

Iúl 9.—Le teann síorchaithmhe táim ag druidim le deireadh mo chuid airgid. Tráth bhím geall le bánaithe sin é uair éirighim rabairneach, ar nós an " tseanbhaitsiléara " a dhruideann san mbaoghal d'fhonn dul ó'n eagla. Do bhíos araer ag an amharclainn Vaudeville, mar ar bhaineas árd-ghreann as *"Hazard, fils de son père,"* athchruth ar aithris *"Oscar, fils d'Ossian."* Do dhein Laporte, a léirigh páirt Hazard, aithris thar barr ar Thalma i bpáirt Oscair. Tá Jack Bannister sáraithe thar fóir aige ar chleas athnaisc, agus is mór an focal é sin. Ach im aonar 'seadh bhím ins na hamhar-

clanna san i gcómhnaidhe agus marbhuigheann san mé. B'fhearr liom go mbeadh mo ghrádh bán annso faram, agus P.P.

Do chuireas Mount Marte díom suas indiu, im aonar, mar a raibh radharc álainn agam ar Pharis fúm thíos; ach is uathbhásach é gan duine ann chun labhartha leis, agus na mílte rud "*which rise and shine, evaporate and fall*" im aigne. Airgead! Airgead! Airgead! Dar Dia is dóigh liom, im thaobh-sa dhe, go bhfuil sé go léir imithe fé'n talamh. Tá agam indiu sé choróin d'airgead bán, sin é "*of dissipated wealth the small remains.*" Och! Och! Ba mhaith liom go mb'é toil Carnot "*to bid his treasurer disburse six pounds to pay my debts.*" Muna ndeinidh, is mór an t-olc a thiocfaidh de, is baoghal.

Do chaitheas an tráthnóna go léir ag liairneáil im aonar, mar is gnáth, go dtí na Champs Elysées agus d'ólas caifé im uathadh. Is uaimhneach é an uathaidheacht aonair seo. Maidir le cuideachtain níor mheasa dhom bheith i nAraib an fhásaigh, nach ionann agus an Araib thorthach féin. Máiseadh, mar adeir Kite, *is ar mhaithe leis an seirbhís é go léir.* Muna bhfuil sé mhí leadránacha caithte agam-sa san bhFrainnc is mór an iongnadh liom é. Is dearbh muna bhfuil mo dhúthaigh go mór i bhfiacha agam, ar son a ndearna dhi, go bhfuil, thar ceann ar fhulaingigheas-sa ar son a saoirse. Máiseadh ní mhaoidhim uirthi é agus má bhíonn 'na cumas choidhche tabharfaidh aiseag dom ann, agus fé'n am san, measaim, beidh sé tuillte agam uaithi.

Raghad ag triall ar an gCléireach amáireach d'fhéachaint cad tá le rádh aige. Deir sé go dearbh liom, mar do cheistigheas fé dhó é d'fhonn bheith deimhnitheach, gur fios dom cháirde i nÉirinn mé bheith annso. Is áthas lem chroidhe sin. Thugas an oidhche araer ag taidhbhreamh ar an bPlunkéadach agus Peadar Burrowes agus Seoirse Knox, agus is dóigh liom gurab 'in é thug go dubhlaitheach ó mhaidin mé. Is cuimhin liom go n-abair Swift, maidir le taidhbhrithe, go ngoilleann a ngné ar ár meon ar feadh an lae 'na ndiaidh, agus lán an chirt aige, measaim. B'fhéidir go bhfuil baint bheag éigin le haiste dubhlaitheach tláth mo mheoin ag an gcor míorbhailteach atá orm i gcúrsaí airgid, agus gurab é rádh Shenstone go bhfuil dlúthbhaint ag an dteasbach cuirp le póca an bhríste. Is mó cainnt bhlasta ag Aristotle ar an scéal san. Ó dhe! dhe! is leamh an greann é seo agam. Ní dhéanfaidh an gnó. "*Croaker is a rhyme for joker, Poor Dick.*" Braithim gur dímhór é mo chion ar an Louis. Ní ró-olc an ceann san. Éireochad as, measaim, le

linn mo mhaitheasa. Tá iomad iarracht tugtha agam ar amhrán a ghabháil i ndialainn an lae seo, mar adhbhar ábhachta do Mhaití, is do Mháire is do Ph. P. Cad tá ar siubhal an tráthnóna so aca? Och, dá mbeidís go léir agam annso agus m'aigne socair fá gach ní. Truagh gan mo choimisiún agam, ámh. (Gabhann)

Oh says this frog, I will go ride, Kitty alone, &c.,
Oh says this frog, I will go ride, Kitty alone and I,
Oh says this frog, I will go ride, with my sword and pistol by my side
Cock ma Kary, Kitty alone, Kitty alone and I.

Tá an t-aithfhriotal san, measaim, ar fheabhas; ní cuimhin liom aon rud le P.P. a sháróchadh é. Tá fhios agam go n-íosaidh fornad an croidhe istigh aige le linn a léighte dho.

Iúl 10.—Ní haon mhaith bheith 'ghá shéanadh ach is marbhánta thar fóir é dialann an lae indé agam. Ní fhaca riamh, dar liom, rud is dúire, agus tá iarracht ann ar bheith deisbhéalach, mar 'dheadh, agus gur díol mo liúrtha le ceart san. "*Gentle dullness ever loved a joke.*" Máiseadh leanaim dem ghnó féin. Tá sé ag stealladh báistighe ar nós an diabhail bhuidhe an lá beannaithe seo ar fad, i dtreo go rabhas uair go leith déannach ag dul dom go tigh an Chléirigh, agus bhí súd tar éis gabháil amach fé'n am san. Do chonnac Fleury, ámh. Ní raibh aon scéal aige-sin dom, ach go raibh daingean Mhilano tar éis géilleadh, maille le 2,800 príosúnach, agus 150 cannón. Mantua amháin atá fós ag Ostraigh, agus tá 60,000 fear d'á iomdhruidim san go dlúth. Tá na Franncaigh, is deimhin, i Leghorn, ach níl na tuairiscí oifigiúla tagaithe fós, agus sin a bhfuil de scéala ann. Dubhart go dtiocfainn lá ar na mháireach, agus d'imigheas. Táim bréan breoite de'n mhoill seo go léir.

Iúl 11.—Mé fara an gCléireach. Do scríobh sé m'ainm agus lá agus ionad mo bheirthe, d'fhonn mo choimisiún a líonadh agus coinne aige é sin a dhéanamh amáireach. Do bhí sé go lághach agus dubhairt dá mb'air féin a bheadh cúram an scéil gur fadó bhí sé déanta. D'fhiafruigh annsan díom arbh aithnid dom duine dárbh ainm Duckett. Dubhart nárbh aithnid agus nárbh áil liom a aithint. D'fhiafruigh, cá chúis? Dubhart gur thuigeas ó Mhadgett, agus daoine nach é, gur bhligeárd é. Do bhain an méid sin stad as, dar liom, agus ar sé: "Aidhe, ach tá sé cliste." Dubhart-sa nárbh eol dom pioc eile 'na thaobh, nár thaithneamh liom féin olc a chur i leith aoinne, go mórmór duine nárbh aithnid dom ach ó thuairisc; ach i gcúrsaí gnótha chómh tábhachtach leis an ngnó so againn-ne gurbh é mo dhualgas, dar liom, gan an fhírinne a cheilt. "Is fíor san," do ráidh an Cléireach, agus d'fhágamar mar sin é.

Tá orm dul arís ann umanathar. Tá súil agam go mbeidh mo choimisiún ullamh um an dtaca san. Do cheannuigheas an "*Règlement pour la service de la Cavalerie*," agus shuidheas d'á scrúdú. Caithfead *sous officier* (oifigeach gan coimisiún) ciallmhar éigin a sholáthar chun gotha an tsaighdiúra a theagasc dom sula dtéighead san díorma. Ní beag liom anois de chleasa cogaidh, agus is dóigh liom go raghad ag siubhal tamall d'iarraidh fhionnuartha.

Tráthnóna. Cleasa cogaidh arís, agus tuille fós arís! Truagh gan mé im oifigeach marcraidhe chómh feilimeanta le Maraiseal Schweidnitz. Ní miste dhom a rádh, nó a ghabháil, maraon lem charaid Montauciel:

Maudit l'infernal
Faiseur de grimoire
Dont l'esprit fatal
Mit dans sa memoire,
Tout ce bacchanal.

Sans cette ecriture,
Et sans le lecture,
Ne peut on, Morbleu,
Manger, rire et boire,
Marcher á la gloire,
Et courir au feu. ?

Mórtas liom na línte sin; 'siad na fíorthuairimí is dual do dhragún Franncach iad. Husá! Dragún a bheidh ionnam féin lá aca so.

(Gabhann) Oh there was a captain of Irish dragoons
Was quartered in the town of Kilkenny, Oh

XXIV

TEACHT HOCHE GO PARIS

1796—Iúl 12 go Meán Fóghmhair 30

Agallamh le Hoche. Ionad Chef de Brigade *le faghháil ag Tone. Tone i ndeireadh na feide i dtaobh airgid. An cinéal rialtais a bheadh i nÉirinn. Tone 'na* Chef de Brigade. *Airgead fé dheireadh, agus dáilchiona bídh. Hoche 'ghá cheistiú i dtaobh daoine i nÉirinn· Cómhairle Tone i dtaobh an cinéal duine a cuirfaí go hÉirinn 'na Thaidhleoir. Leitir ó America ó Hamilton Ó Ruadháin. Ag socrú chun dul go Rennes. Cómhráidhtí le Hoche. An tAimiréal Richery agus cabhlach na Spáine ó Chadiz. Gluaiseacht go Rennes.*

Iúl 12.—Cath Eachdhroma. Agus mé im shuidhe im sheomra ag déanamh staidéir ar mo chleasa cogaidh, bhuail duine ag an doras agus nuair a hoscluigheadh do cé bheadh ann ach dragún de'n treas díorma. Nóta ó'n gCléireach a bhí aige chugam d'á rádh go raibh an té úd a luaidh sé tagaithe, agus gurbh áil leis mé d'fheicsint ar a haon a chlog. Do ritheas liom láithreach go dtí an Luxembourg agus do tionnlacadh isteach mé go seomra Fleury, mar ar fhanas go dtí n-a trí, nuair d'oscail an doras agus tháinig ógánach dathúil deighdhéanaimh isteach, casóg donn air agus pantalún de'n naincín, agus ar sé: "*Vous vous étes le citoyen Smith.*" Do mheasas féin ná raibh ann ach chef de Bureau agus do fhreagruigheas: "*Oui, citoyen, je m'appele Smith.*" Ar seisean: "*Vous vous appelez, aussi, je crois, Wolfe Tone*"? Thugas mar fhreagradh air "*Oui, citoyen, c'est mon veritable nom.*" "*Eh, bien,*" ar seisean, "*je suis le Général Hoche.*" Ar chlos na bhfocal san dom dubhart gurbh é mo mhian le fada, é bheith d'onóir agam, mar a bhí an uair sin agam, bualadh leis; agus annsan "*Into his arms I soon did fly, and there embraced him tenderly.*"

Dubhairt sé annsan gur tuigeadh do gur mise údar na meamram a cuireadh ag triall air. Dubhart leis gur mé. "'Seadh," ar seisean, "tá cúpla poinnte nó trí gur maith liom tú cheistiú 'na dtaobh. Do ghaibh am cheistiú annsan: i gcás dá dtéightaí i dtír, an bhféadfadh sé dul ar iontaoibh lón d'fhagháil, agus go mórmór arán? Dubhart

nárbh fhéidir aon tsocrú a dhéanamh i nÉirinn roimh dul i dtír, toisc *surveillance* an Rialtais, ach dá mbeadh san déanta aon uair amháin, ná beadh aon easnamh lóin ann, go raibh Éire lán d'eallach ; agus, maidir le harán, go bhfeaca san Gazette nach eadh amháin ná raibh aon easbadh arbhair ann, ach go raibh sé 'na cumas cuid mhór a thabhairt do Shasana le linn an ghanntair mhóir a bhí le déannaighe san tír sin ; agus dheimhnigheas do dá mbeadh na Franncaigh aon uair amháin i nÉirinn go bhféadfadh sé deimhne a dhéanamh de, pé duine go mbeadh uireasbhaidh aráin ortha nach ortha-san a bheadh sé. Do thaidhsigh sé bheith sásta leis sin agus go ghaibh 'ghá fhiafruighe dhíom ar mhiste dhúinn bheith ag braith air go mb'fhéidir rialtas sealadach a dhéanamh de choiste na gCatoiliceach, a luadhas im dhá mheamram, nó de lucht treoraithe na gCosantóirí. Do mheasas go raibh beárna annsan agam chun teacht ar fios scéil d'fhagháil i dtaobh uimhir an tsluaigh a bhí ceapaithe 'nár gcómhair, agus thugas mar fhreagradh go mbeadh baint ag méid an tsluaigh airm a cuirfaí i dtír leis sin. Dá mba shluagh suarach é ná féadfainn a rádh conus a raghaidís siúd, ach dá mba shluagh mór é ná raibh amhras ar bith agam ná go mbeadh a gcongnamh linn. " Gan amhras," ar seisean, " muna bhfeictar do dhaoine gur dóigh go mbeidh congnamh laistiar díobh, ní thiubhraid siad iad féin san ngnó ; ach má théighim-se anonn bí deimhnitheach de go raghad líon slógh ann." D'fhiafruigh sé annsan, ar dhóigh liom an ndéanfadh deich míle fear socrú ar a n-aigne aca. Dubhart go ndéanfadh gan amhras, ach go luath ins an ngnó gur thagair an Aire do dhá mhíle liom-sa, agus go ndubhart-sa ná beadh éifeacht ar bith leis an méid sin "Ní bheadh" ar seisean, "do claoidhfaí iad sula bhféadadh aoinne luighe isteach leo." Dubhart gur thaithnigh liom é chlos 'ghá rádh san, mar gurbh é sin díreach adubhart-sa leis an Aire, agus dubhart arís ná féadfadh aon éideimhine a bheith agam ná go bhfaghaimís cabhair agus cóimhoibriú go leor chun rialtas sealadach a cheapadh dá mbeadh an sluaghairm a luaidh sé againn.

D'fhiafruigh sé annsan cad é mo thuairim i dtaobh na sagart nó ar dhócha go ndéanfaidís aon cheataighe dhúinn. Do fhreagruigheas ná raibh, go dearbh, aon choinne agam le cabhair uatha, ach nár cheapas, ach an oiread, go ndéanfaidís aon ghníomh mór 'nár gcoinnibh ; go raibh luigheadú mór tagaithe le déannaighe ar an gcómhacht a bhí aca ar aigne na ndaoine agus d'innseas do i dtaobh cáis na gCosantóirí, atá luaidhte chómh minic sin ins na scríbhinní meabhracháin agus ins na meamraim seo agam. Thugas roinnt

mhaith léiriúcháin air sin go léir do, agus, mar chríoch lem chainnt, dubhart go mba cheart dúinn a sheachaint ar ár ndícheall aon gheit nár ghábhadh a bhaint as na tuairimí leithleachais a bhí aca, agus le bheith réasúnta ciallmhar dúinn mheasas go bhfaghaimís uatha iad a bheith neodrúil ar a luighead, muna bhfaghaimís a gcongnamh. Do luadhas so mar thuairim uaim féin amháin ; ach adubhart fós ar chúrsa a chonntrácht, go dteipfeadh ar fad ortha na daoine a bhreith leo uainn.

Thánamar annsan chun scéil an airm. D'fhiafruigheas-sa, maidir leis an ngnátharm, ná féadfainn a rádh ach gur dhíogh drochshaighdiúirí iad ; agus, maidir leis an militia, gurbh é mo dhóchas agus mo thuairim, nuair a bheimís cóirithe aon uair amháin, nach eadh amháin ná raghaidís 'nár gcoinnibh ach go dtiocfaidís isteach ar thaobh a dtíre *en masse* ; mar sin féin, d'iarras air é aireamh san scéal go mbeidís 'nár n-aghaidh agus ullmhúchán a dhéanamh d'á réir sin ; gurbh í cómhairle dob fhearr le déanamh í, agus d'á dtárluigheadh riachtanas a bheith leis go mbeadh an méid sin chun maitheasa. Dubhairt sé, gan amhras go ndéanfadh sé a chuid ullmhúcháin ar shlí ná fágfadh aon ní i bpoll an amhrais go bhféadfaí deimhne a dhéanamh roimh ré de, go dtiocfadh sé fé neart, agus go mbéarfadh mórchuid arm leis, lón lámhachta, stóir agus ordnás, agus, ar mhaithe le n-a chlú féin, go bhféachfadh sé chuige go ndéanfaí gach socrú go cóir, slachtmhar.

Do thaithnigh liom an chainnt sin a chlos uaidh, cuireann sé m'aigne ar a suaimhneas i dtaobh cuid mhaith poinntí. Dubhairt sé go raibh rud amháin eile fós gur mhaith leis bheith deimhnitheach de agus b'é ní é ná cad é cinéal Rialtais a cheapfaimís dúinn féin dá n-éirigheadh linn. Do bhíos chun freagradh thabhairt air le dúthracht, nuair tháinig an Cléireach Taoiseach isteach chun a iarraidh orainn dul chun dinnéir i dteannta an Chathardhaigh, Carnot. Do chuireamar an cómhrádh ar gcúlaibh d'á bhrí sin go teacht dúinn i seomra an Uachtaráin, mar a raibh Carnot agus duine nó dhó eile. Tar éis tamaill do bheir Hoche i leathtaoibh mé agus do chuir an cheist athuair orm. "Poblacht go dearbhtha deimhin," arsa mise. D'fhiafruigh arís "An rabhas deimhnitheach de ?" Dubhart go rabhas, oiread agus d'fhéadfainn a bheith i dtaobh aon ní, nárbh eol dom aoinne i nÉirinn go raibh a mhalairt de chóras d'á bheartú aige, agus nár cheapas go raibh oiread is duine ag taidhreamh ar ríreachtas a bheith ann. D'fhiafruigh sé an raibh aon bhaoghal go gceapfadh na Catoilicigh aon chinnire leo féin 'na rí. "Níl,

an baoghal is lugha," arsa mise, agus ná raibh aon taoisigh 'na measc go raibh oirdhearcas de'n tsaghas san ionnta. Is é an sean-scéal céadna arís é, ach is dóigh liom gur ghlac Hoche lem dheimhniú-sa ; is maith an scéal é bheith chómh himnidheach i dtaobh an scéil sin, agus ba dhéine chuaidh sé orm 'na thaobh san ná ar aon chuid eile de'n ghnó.

Leis sin tháinig Carnot anall chugainn agus léarscáil póca ar Éirinn 'na láimh aige, agus d'éirigh an chainnt 'na chómhrádh choitchionn annsan idir an gCléireach is Hoche is é féin. D'fhágas an chainnt ar fad, beagnach, fútha mar b'fhearr liom nithe a chlos. D'innis Hoche do Charnot suim na cainnte thárlaidh idir é féin is mise. Nuair a thagair sé do'n imnidhe bhí air i dtaobh aráin gháir Carnot agus ar sé, " Tá flúirse mairtfheola i nÉirinn ; agus, muna bhfaghaidh sibh arán, ní foláir daoibh mairtfheoil d'ithe." Dubhart leis gur dóigh liom go bhfaghaidís a ndóthain díobh araon, mar, le fiche bliain dhein an-thír chun arbhair d'Éirinn, ionnus, fé láthair, go raibh sé 'na earradh mhór tráchtála thar lear aici. Do chromadar ar chur tré 'chéile eatartha féin, ach is le duadh a gheobhainn iad a thuigsint, mar gur bh'eadh bhí aca ná cainnt a bhain le cómhráidhte eile thárlaidh roimhe sin eatartha, ná rabhas-sa láithreach le n-a linn ; agus, fós do labhradar ar mireacht na bhFranncach. Do bheireas liom, ámh, má thuigeas i gceart iad go ndéanfar dhá thírghabháil, ceann ó'n Hollainn i n-aice Bhéal Feirste, agus an ceann eile, ó'n mBriotáin i gConnachtaibh ; go mbeidh, is dóigh liom, ar an dá long-ghabháil, sluagh nach lugha ná deich, agus nach mó ná cúig mhíle déag fear ; do tagruigheadh do dhá mhíle déag, leis ; ach ní chuala aon trácht ar cad é an t-am. Arsa Carnot " Beidh sé 'na ghníomh shuaithinseach gan aon amhras," agus ní miste dho é sin a rádh má éirigheann an gnó leis.

Do chuamar annsan chun dinnéir. Do bhí togha freastail ann gan é bheith i leith a shóghaile. Dhá chúrsa bhí ann, agus scurchúrsa. Do bhí do láthair a sé déag nó a hocht déag de dhaoine, Madam Carnot, a deirfiúr, agus deirfiúr a céile, Carnot, a dhearthháir, Hoche, Truguet, an tAire Luingseoireachta, an Cléireach, beirt nó triúr oifig-each agus Lagarde, an *Secretaire Général*. Suidhte i n-aice le Hoche iseadh bhíos-sa.

Tar éis an caifé do dháil orainn d'éirigheamar agus chuaidh Carnot, Hoche, Truguet, Lacuée agus an Cléireach, go dtí cabinéad i ndáil chómhairle i dtaobh gnóthaí na hÉireann, agus bhí san ar siubhal ó n-a sé go dtí n-a naoi a chlog. Le linn dóibh bheith ann

chuas ag spaisteoireacht fara Lagarde i ngáirdíní an Luxembourg mar a gcualamar symphonia d'á sheinim i seomraí La Reveilliere Lepaux, a chómhnuigheann ós cionn Charnot. Adeir Lagarde liom go mbíonn ceolchorma go síorghnáth ag La Reveilliere, agus gur insa cheol a gheibheann sé fuascailt ó thuirse a ghnóthaí, atá mór thar áireamh.

Ar a naoi a chlog do scaip an chómhairle agus shiubhluigheas liom i dteannta an Chléirigh ; dubhairt sé go raibh gach ní anois socair agus gur le duadh a thug sé gach ní chun cinn, ach go raibh éirithe leis fé dheoidh. Do dheineas tréaslú dhó le dúthracht, agus, tar éis coinne dhéanamh chun bualadh leis ar a dódhéag amáireach, do scaramar.

Lá thar barr dob eadh é seo ; chaitheas dinnéar le hUachtarán Árdchómhairle na Frainnce is gurab é sin, gan aon chomórtas, an t-ionad gradama is dearscnaithighe san Eoraip. Tá mórtas mór orm 'na thaobh, mar is tré chóimhlíonadh mo dhualgais go díreach a tháinig sé im threo, agus ní dhearna aon ghníomh neamhchóir chun teacht air. Taithnigheann Carnot ar fheabhas liom, agus is fearr liom fós Hoche, dom dhóigh.

Iúl 13.—Ní fhéadaim an mhaidean so gan cuimhneamh ar Ghil Blas nuair ba Rúnaidhe é do Dhiúic Lerma. Mé indé ar dinnéar fara Charnot agus indiu gurab é dála fir na feoirlinge é a bhaineadh glór as an lic. Ar mo Louis deiridh dom nach mór, agus mo choimisiún fós gan líonadh, bíodh go n-abruigheann an Cléireach go bhfuil.

Ní chreidfead go bráth é, ámh, go mbí sé im dhóid agam. Teann-tóchad indiu é, go dearbhtha deimhin. *Allons !*

Do chuas chuig an gCléireach ; ní fhuaireas aon scéal ; mo choimisiún fós gan teacht. "*Damn it for me ; Lord pardon me for swearing.*" D'ionnsuigheas an Cléireach le mórfhuinneamh agus gheall sé go dearbhtha go bhfaghainn umanathar é, fé dheoidh. Caithfead foidhneamh, máiseadh, agus is tinn ó'n bhfeitheamh mé. Do chaith Hoche nóimeat fara'n gCléireach chun a rádh ná raibh aon cheisteanna eile aige le cur chugam. Mar sin do'n scéal! Truagh liom, ámh, gan staidéar déanta agam ar *chainnt na n-éan.*

Iúl 14.—*Gabháil an Bhastile,* 1789. Gan pioc ar siubhal. Do mhol Hoche indé Sir Sydney Smith, atá 'na phríosúnach i bParis, gur oifigeach calma é. Ar sé : "*Il a une rude réputation en Bretagne,*" agus gur beag má bhí rinn ná ceanntíre ar an gcósta ná raibh rian a ghníomhartha ann. Is maith liom fear builcródha do mholadh a

shamhla féin. Dubhairt Carnot go dtiubharthaí aire dho go fóill eile, agus nár bhaoghal go malartóchaí é. Taithnigheann san, leis, liom, agus fáth nó dhó leis. Do thagair Hoche leis d'aineolas na mBriotánach. Deir sé nach eol dóibh scéal ceart na Réabhlóide ach oiread le dream na Tartaire. Gurab é thugaid ar an Rialtas ná an Chómhdháil, agus go raibh ráfla 'na measc, le linn do féin teacht uatha, go raibh fógradh tugtha ag an gCómhdháil do'n Phápa teacht d'á thriail. Do réir mar deir sé, ní dóigh liom gur aineolaighe áit ar bith i nÉirinn ná san. Dubhairt Carnot gur dheimhnitheach leis ná raibh i gceilg Bhaboeuf ach cuid d'obair an dreama úd Diúic Orléan. Le linn bheith ag siubhal san ngáirdín i dteannta Lagarde, atá go cainnteach, dheineamar trácht ar chaithréim iongantach na n-arm, go mórmór arm na hIodáile. Do dhearbhuigh sé dhom, sarar tosnuigheadh ar an iarracht mileata san, go raibh anabháthadh air i dtaobh na críche bheadh ar an scéal ; an neamhfhonn a bhí ar *la jeunesse* chun dul san arm, ba gheall le fál go haer é ; gurbh éigean do'n Rialtas gníomhartha danardha a dhéanamh, fiú ceangal na gcaol a chur ortha agus iad d'iomchur mar sin i dtrucaillí go dtí an t-arm ; ach féach, ar sé, mar throidid, d'á aindeoin sin. Is iongnadh saoghail é, gan aon agó.

Dubhairt Hoche indé leis an gCléireach, ag tagairt dómh-sa, gurbh eol do de ghlainmheabhair mé. Arbh 'in moladh ? "*Há! there may be two meanings in that*," ceachtar aca go ndearnaidh sé staidéar géar ar mo chuid meamram, rud dob fhónta, nó go raibh sé tar éis mé thómhas is a mheas le linn aon chómhrádha, rud nár mholadh mór orm. Is eagal liom go dtig leis "*to spy into the bottom of this Justice Shallow*." Ach ná bac san. Feicim go ndeintar an obair. Má cuirtar san i gcrích is róchuma ciaca bhfuilim éirimiúil nó ná fuilim. Husá ! Tá meidhir fúm an lá so.

Iúl 15.—Dada ar domhan. Chómh dúr le staic ó mhaidean.

Iúl 16.—Ag cainnt leis an gCléireach. Deir sé liom go sighneochar *arretée* na hÁrdchómhairle i dtaobh mo choimisiúin-se indiu, agus go scríobhfaidh sé chuig Aire an Chosanta chun an phaitean a chur ar ais chuige, i slí is go mbeidh sé agam amáireach ar a dódhéag a chlog. Níl locht ar an méid sin uile ; ach, mar atá ráidhte seacht n-uaire déag ar fhichid cheana agam, dála an daill : "Má mhairimíd beo chífimíd súd." Deir sé liom, leis, go bhfuil atharrach socraithe déanta. Táthar tar éis cipe dragún, cipe a haon fichead, a dhéanamh d'eachraidh an *legion de police* tráth. Do bhí an colonel tar éis a chur i dtuigsint go raibh far-is-barr go leor d'fhearaibh

agus de chapaill ann chun an dara cipe a dhéanamh de agus is dómh-sa a ceapadh san. Tar éis scrúdaithe, ámh, is amhlaidh gurab é a chonntrárthacht san atá i gceist, óir tá cipe a haon fichead féin deichniúr fear easnamhach d'á láinlíon. D'á dheascaibh sin is i seirbhís na gcoisithe bhead-sa ar chéim *Chef de Brigade*, agus is ionann san agus Colonel; agus deir an Cléireach liom gur ionann págh agus céim dó agus gur lugha duadh. Is mairg a fhéachfadh béal eich oinigh; agus dubhart, dar ndóigh, go rabhas lántsásta agus do scaramar le 'chéile fé cháirdeas rómhór, agus tá orm filleadh ar a dódhéag amáireach d'iarraidh an phaitin leadráin úd.

Thugas turas ar Mhadgett ar mo bhóthar abhaile d'á iarraidh air dhá Louis d'ór a sholáthar dom fé chionn dhá lá ar a dheireannaighe, mar táim gan aon screapal fé láthair, agus ní mór dom íoc as mo lóistín i gcionn trí lá, agus gur mór is eagal liom é mar gur mó é míle uair m'anuamhan i láthair na *bossue* mnátighe atá agam ná i láthair na namhad; ach gheall Madgett go soláthróchadh dom, agus d'á bhrí sin—

> "Hang those who talk of fear;
> Our castle's strength will laugh a siege to scorn,'

Do dhearmhadas a rádh 'na áit féin, go bhfuil gearradh iongantach claidhimh ar Hoche anuas tré n-a éadan agus a mhalainn agus leathtaoibh a shróna. Do bhí sé cómhgarach go leor do'n namhaid nuair a tugadh san do; agus, ar ádhmharaighe an domhain é, níl aon mhíochumadh d'á dheascaibh air. Níl sé ach dhá bhliain triochad, Jourdan a cúig triochad, Buonaparte a naoi fichead, Moreau tuairim a triochad, agus Pichegru, an té is sine dhíobh go léir timcheall a sé triochad. Níl aon tseantaoisigh i bhfeadhmannas ag na Franncaigh; is é a rúnchómhairle fir óga d'fhostadh, agus, ó'n ní thárlaidh, is léir go ndearnadar an ceart. Tá Moreau agus Jourdan fós ag tiomáint na nOstrach rómpa i ngach láthair. Gach Gazette d'á bhfoillsightar bíonn scéal buaidhe eile ann, i dtreo ná cuirimíd aon tsuim feasta ionnta.

Tráthnóna, ag an opera dhom: *Tarare* (atá feicithe fiche uair agam). Is gléirshoillseach é, ach gan breith ag ceol Shalieri ann ar cheol Ghluck. Do bhí Adrien, i riocht an tSuldain, gléasta go sárálainn fé éide Indiathach; gach ní, fiú na cuaráin chos, de'n fhírchinéal Indiathach iad uile: ach tá luaidhte cheana agam céad uair a chruinnairighe a bhíonn na haisteoirí Franncacha i gcúrsaí éide. Níl aoinne ionchomórtas le Rouseau, i riocht Chalpizi, ná le

Mademoiselle Gavaudan, i riocht Spinetta. Is iad ba chéadaisteoirí ag Beaumarchais. B'í Lainez 'na Tharare agus Mde. Ponteuil 'na hAstasie; ar gach slí is aoibhinn an taispeánadh é. Tá *pas de trois* gleoite i mballet aca. Nivelon, Duchemin agus Coulon a ghní é, leis an bport *Folies d'Espagne.* Tá sé i dtánaiste le feabhas do'n *Pas Russe*, a ghní Nivelon agus Milière, i bPanurge.

Iúl 17.—Do chuas, mar is gnáth, chuig an gCléireach. Ní tháinig an paitean síorchráidhte sin liom-sa fós ó'n Oifig Chogaidh, ach thug sé órdú do Fleury scríobhadh arís do'n Aire chun é chur uaidh láithreach. Deir sé go bhfágfaidh Hoche an baile i gcionn dhá lá nó trí agus go ndéanfaidh a dhícheal chun cúinne 'na chóiste d'fhágaint fúm-sa má's féidir. Dubhart-sa gur mhór agam féin mar onóir gluaiseacht 'na chuideachtain; ar an uair chéadna, go raibh súil agam go dtiubhradh sé aga roinnt laetheannta dhom mar ná raibh d'éadach agam ach *habits bourgeois*, ⁊rl. Dubhairt sé nárbh fhéidir leis deimhne thabhairt go bhfaghainn fógradh cheithre huaire fichead, agus maidir le héide airm go bhféadfainn san a chur d'á dhéanamh ag an gceathrúin. Dubhart, maidir liom féin, go rabhas ullamh ar aga nóimite, agus d'á luaithe b'eadh b'fhearr. Dubhairt sé annsan liom teacht chuige gach lá ar a dódhéag, agus do scaramar.

Seo annso mé mar sin, ar anncaire aonair, ullamh chun scaoilte agus sceinnte. Maidir le hairgead, táim i dteannta go ceart; níl giní féin agam. Measaim go gcaithfead scríobhadh go dtí Carnot agus roinnt d'éileamh air. Is dóigh liom go bhfuil sé de cheart agam bheith ag súil leis an méid sin ó Rialtas na Fraince; san am gcéadna is ag Dia atá 'fhios an bhfaghad é, nó ná faghad; agus, ar aon chuma, is damanta míothaithneamhach an rud go gcaithfead é iarraidh ar aon chor, ach cad tá le déanamh agam? Mallacht ar mar airgead maidir liom-sa dhe, b'fhearr liom go mbeadh sé i dtóin na fairrge. Is mór an cheataighe an uireasbhaidh so do'n áthas a bheadh orm, muna mbeadh é, i dtaobh an chuma fhónta atá ar ár ngnó.

Do shuidheas síos agus scríobhas dhá leathnach de leitir chun m'anam dhil is mo rún, d'á innsint go neamhfholusach di mar d'éirigh liom annsó agus mar fuaireas céim *Chef de Brigade* agus d'á iarraidh uirthi gach ní a dhíol agus gluaiseacht ar bórd na céad luinge bheadh ag teacht go Havre de Grace. Ní chríochnóchad an leitir go ceann cúpla lá go bhfeicead cad é deireadh bhéarfaidh gnó nó dhó. Nílim chun scríobhadh go dtí an Ruadhánach ná an Dr.

Mac Rághnaill, mar, ó thárlaidh gur stopadh agus go rugadh go Sasana, na leitreacha a scríobhas cheana, ní háil liom dul san mbaoghal arís.

Tá scéilín a dhearmhadas a chur síos 'na ionad cóir. An lá chaitheas dinnéar fara Carnot tháinig aid-de-camp Hoche chugam agus d'fhiafruigh conus mar thaithnigh liom an fháilte cuireadh do'n Fhrainnc rómham. Thugas greas molta ar an dtír: "Seadh, ar sê," ach tá fáilte ar leith curtha rómhat-sa." Dubhart féin go raibh cáil riamh ar na Franncaigh le deighbhéas agus féile le stróinséirí. Thug sé annsan fúm de chruinniarracht, "Seadh," ar sé "ach taoi-se tagaithe annso ar eadarghnó éigin deiscréideach, tá údarás taidhleora agat." D'fhéachas idir an dá shúil air le meidhir deighmhéine, agus focal ní dubhart. Do chuir súd an cheist arís, agus an fhidgháire mhór bhaoth níor fhág sé m'aghaidh-se; agus, mar go ndeaghaidh an méid sin de, thug sé cúl liom agus d'imigh. Ba dhona triollúsach an diúlach é, dar liom.

Iul 18.—D'éirigheas go luath an mhaidean so agus scríobhas leitir bhagair chun an Chathardhaigh Carnot, d'á rádh leis, *"If he did not put five pounds in a sartin place*—! !" I bhFrainncis atá sí scríobhtha agus tá macscríbhinn agam di. Go maithidh Dia dhom a rádh gur Frainncis í, mar is dóigh liom, agus gan a rádh ach an ceart, nach aon teanga dá raibh ann riamh í; ach pé scéal é tuigfidh sé gur airgead an bhrí atá léi, agus sin é an chuid tábhachtach de'n scéal.

Do chuas chun an Chléirigh ar a dódhéag. Tá mo phaitean fachta ar deireadh aige ó'n Aire Cogaidh. Céim *Chef de Brigade* atá ann dom. Fé dháta Messidór 1 (Meitheamh 19). Tá sé fós le sighniú ag Carnot agus Lagarde, rud a dhéanfar indiu, agus amáireach ar a naoi caithfead gabháil fé léirbhreithniú. "*To-morrow I swear by nine of the clock, I shall see Sir Andrew Barton, Knight.*" Do bheir an Cléireach barróg orm nuair a thug dom an paitean agus dhein beannú bráithriúil cómhoifigigh dom; dhein Fleury mar an gcéadna agus bhí tocht chómh mór san im chroidhe gur ar éigean d'fhéadas freagradh thabhairt d'aoinne aca. Táim chómh huaibhreach le rí. Cia thaidhreochadh ar seo an lá d'fhágas Loch Laoigh Bhéal Feirste. Do thaidhreochainn-se air agus dheineas amhlaidh. Is fearúil san agus is deimhnitheach, mar adeireadh P.P. Scríobhfad m'ainm feasta Chef de Brigade, "——*in any bill, bond, quittance or obligation*— "*Armigero.*" Husá! Husá! Scuraim de'n díth céille agus dem chuid Husánna agus téighim i mbun mo ghnótha.

D'fhiafruigh an Cléireach díom an dtoileochaimís i nÉirinn le cead cur isteach go díreach a thabhairt do na Franncaigh i ngnóthaí ár Rialtais, agus dubhairt go mb'bhéidir go mbeadh riachtanas leis, fé mar bhí, go dearbh, san Hollainn, óir annsúd, muna mbeadh síorfhoraireacht na bhFranncach ortha, bheadh a scórnacha gearrtha arís ag an Stadtholder. Do fhreagruigheas-sa, go mbeadh gan amhras cómhacht an-mhór ag na Franncaigh ar ghníomhartha ár rialtais-ne dá mbeirimís buaidh ach gur mheasas dá mbeadh ciall aca ná beidís d'iarraidh aon chead chun cur isteach lom díreach orainn agus go mba mhóide a gcómhacht orainn-ne gan sinn d'á cheapadh go rabhthas 'ghá iarraidh sin ar chor ar bith. Dubhart go raibh súil agam, ar an adhbhar san, pé duine a cuirfaí ann, san earnáil síbhialta, go mba dhuine an-chiallmhar réidhmheonach é, mar gur mór a bheadh ar iontaoibh a mheanman-san. Arsan Cléireach, "*Nílimíd ar intinn aoinne eile ach tú féin a chur ann*," Do bhain san stad beag asam-sa. Cad a bheadh beartaithe aige? An amhlaidh thosnóchad le bheith im ionadaidhe do Phoblacht na Frainnce i nÉirinn i n-áit bheith im ionadaidhe do Phoblacht na hÉireann san bhFrainnc. "*I am puzzled in mazes and perplexed with errors*." Caithfead míniú an scéil sin d'fhagháil i gcómhrádh an lae amáirigh.

Dubhairt an Cléireach, fós, ná raibh aon tacaidheacht tachta i dtaobh an chinéil rialtais a cheapfaimís dá mbeadh an bhuaidh linn. Dob é mo fhreagradh-sa ná raibh aon tacaidheacht agam le tabhairt, ach mo thuairim daingean gur Poblacht a chuirfimís ar bun. D'áitimh sé go mb'fhéidir gur Poblacht fén uasalaicme a cheapfaimís, dála Ghenoa. Do dheimhnigheas do ná raibh gradam chómh mór san ag na daoine d'uaisle na hÉireann agus go ndoirtfidís a gcuid fola chun cómhacht a chur ar fagháil dóibh. Dubhairt sé annsan, "B'fhéidir tar éis an taoghail go dtoghfaimís rí; ná raibh aon leigheas 'na choinnibh sin ach eolas, agus go raibh muinntir na hÉireann i gcoitchinne go rí-aineolach." D'fhiafruigheas de, i n-ainm Dé cé bhí le toghadh againn, nó cá raghaimís ag lorg rí? "An Duke of York," ar sé. Do dheimhnigheas do gur cómhluath, nó gur túisce, a ceapfaí é féin nó a aide-de-camp, Fleury, a bhí láithreach, ná a shoillse an Diúic; agus dubhart ná raibh grádh ár ndóthain againn do mhuinntir Shasana i gcoitchinne, ná do chlainn an Rí go speisialta, chun duine aca a thoghadh mar rí orainn, dá mba rud é, rud nárbh fhíor, go raibh creideamh piseogach i dtaobh ríoghraidhe fós ceangailte ionnainn. Maidir le haineolas ár dtuath-

anach-na, d'admhuigheas gur rófhíor i gcoitchinne é agus a bhuidheachas san ar an Rialtas mallaithe a bhí againn, gurbh é a rúnchómhairle iad a chongbháil i mbarbardhacht, ach go raghainn fé dho i dtaobh na nDí-aontach a bheith deigheolach, gur poblachtaithe lántuigseacha dílse iad agus ná rabhas i n-amhras ná go ndéanfaidís treorú ar an aigne poiblidhe le linn rialtais a bheith d'á cheapadh. D'fhiafruigh sé annsan ná raibh aoinne 'nár measc féin go mbeadh fagháil aige air dá ráinigheadh gur chun ríreachtais a chlaonfaimís. Arsa mise, "Níl duine." "Ná beadh Diúic Laighean, cuir i gcás?" ar seisean. "Ní bheadh," adubhart-sa, go raibh grádh agus taithneamh ag gach duine do'n Diúic mar gurbh fhear maith é agus go ndeineadh síorchómhnaidhe agus go gcaitheadh a chuid airgid i nÉirinn, ach ná raibh aige i n-aon chor an ghné cháilidheachta, ná na tallanna d'árdóchadh go dtí an céim sin é. D'fhiafruigh sé annsan díom "Ná féadfainn cuimhneamh ar aoinne?" Thugas mar fhreagradh air "Ná féadfainn; gurbh é Tighearna Muighe Rátha an t-aon duine amháin, dar liom, go mbeadh aon fhagháil d'á luighead aige air, ach go ndearnaidh sé sin smidiríní d'á chlú, nuair a ghaibh sé céim ceannais san arm i n-aghaidh na Frainnce; agus thairis sin ná raibh duine ar bith." "'Seadh," do ráidh an Cléireach, "b'fhéidir tar éis an tsaoghail go dtoghfadh sibh duine d'bhur dtreoraithe féin; cá bhfios ná gur *tú féin* é." Do fhreagruigheas ná raibh aon treoraithe againn go raibh a n-uaisleacht ná a dtuairisc chómh hárd agus go sroichfidís, le haon dóigh, céim chómh huachtarach san; agus, maidir liom féin, ná raibh an fonn ná na buadha agam chun éirghe chómh hárd san. 'Seadh, is leor an méid sin i dtaobh ríoghraidhe de'n dul so.

Annsan, tar éis é dhéanamh céad uair cheana, do shuathamar arís scéal na sagart, gan aon smaointe nua, ámh, a mhúscailt; agus chuireas suim an scéil i n-úil do 'ghá rádh dhom, maidir le ceist an religiúin gurbh é cheapas go mbeimís sásta an eaglais stáit a dhíochur agus gan ceann ar bith eile a chur 'na ionad; ná beadh aon reiligiún stáit againn, ach leigean do gach dream crábhaidh a gcléir féin d'íoc go deoiniúil; agus, maidir le ríoghraidh agus uaisle, go raibh oiread san fuatha dhóibh i nÉirinn gur mhór dob eagal liom ár na n-uaisle d'á thabhairt, agus roinneadh d'á dhéanamh ar a gcuid uile, ná aon chinéal rialtais d'á chur ar bun a bhuanóchadh a gcódhnacht; go raibh dóchas agam ná tárlóchadh an deargár san, agus go ndéanfainn-se, mar le duine, gach dícheall im chumas d'á chosc mar nár mhaith liom fuil fiú lucht cionntaigh a dhortadh; ar

an uair gcéadna go raibh mursantacht, míothrócaire agus daorsmacht na n-uaisle i nÉirinn chómh mór san gur bhaoghal liom gach míghníomh d'á dhéanamh ag na daoine le holc láincheart chuca. Dob 'in é deireadh an chómhrádha. Thug an Cléireach seoladh Hoche dom agus d'iarr orm Fleury d'fhiosrú amáireach ar a naoi agus go gcuirfeadh sé i n-aithne ag Oifig an Chogaidh mé mar a gcaithfinn gabháil fé léirbhreithniú.

Do chuas ó'n gCléireach go dtí an Luxembourg mar a bhfuaireas caoi cainnte le Carnot. Dubhart leis gurbh é 'chéad ghnó thug ann mé ná chun mo bhuidheachas a ghabháil leis i dtaobh an ghradam onóra a tugadh dom nuair a dhein an Árdchómhairle *Chef de Brigade* díom i n-arm na Poblachta ; agus d'innseas do, toisc go ndubhairt an Cléireach, Taoiseach, liom go mb'fhéidir go bhfaghainn fógradh lae dul mar a raibh mo chipe, agus ó bhíos i ndeireadh na feide i dtaobh airgid, go raibh sé de mhalainn orm meamram gearr a chur fé n-a bhrághaid ag lorg airgid. D'fhiafruigh díom " An raibh labhartha agam leis an gCléireach ? " Dubhart ná raibh, ar an ngnó san ar leithileith. Thug sé annsan siolladh d'á shúl ar an leitir agus d'iarr orm í thabhairt do'n Chléireach, go dtiubhradh súd cúntas an scéil do féin agus go bhfiosróchadh cad dob fhéidir a dhéanamh. D'imigheas liom annsan. Do bhí Carnot an-lághach, ach ní léir dom aon deimhniú i dtaobh an airgid úd. Do chasas ar an gCléireach agus scríobhas nóta a chuireas chuige i dteannta an mheamraim iarratais, agus dheineas é chásamh fé chabhair, ⁊rl., agus chuireas leis sin, dá mbeinn-se choidhche thar n-ais im dhúthaigh, agus é im chumas comaoin a chur ar aon charaid leis ná beadh aige ach é rádh liom. Dob 'in iarracht cóimhcheilge uaim-se. "*Cómhar na gcapall gclamh*," mar adeir an seanfhocal. Is comhthrom, cóir é !

D'imigheas go toghail tráthnóna chun an opera mar ba ghnáth. É taithneamhach go leor. Renaud agus an Ballad de Psyche. Rouseau ar fheabhas 'na Renaud, mar bhíonn san uile ní. Do thuit Chivignín bhocht le linn an bhallet agus do chuir a halt as ionad. Do bhí anuamhan orm féin, mar ba dhual do'n deaghchroidhe ionnam, mar mheasas gur bhuail sí a hucht ar chéimibh na haltóra, agus ba thruagh thar fóir é sin, mar is gleoite an rinnceoir í.

Iúl 19.—Táim agus mé ag scríobhadh na meamram so ar a ceathair a chlog ar maidin annso, de bhrí ná féadaim codladh, uaireannta. Do chuaidh amú indé uaim aithfhriotal sármhaith i n-aithris ar Ph.P. Nuair adubhart go dtuigfeadh Carnot gurbh airgead brí

mo leitre chuige ba cheart a chur leis sin : "*gur scaoileas rosc cainnte fé is nár thuig an dáileamh de ach an focal brannda amháin, agus, leis, sin gur éaluigh leis agus d'fhill um a luaithe leis an gcnagaire.*"

Do bhaineas amach Fleury ar a naoi a chlog agus chuas de chois leis go hOifig an Chogaidh. Nuair a thánamar ann fuaireamar gur fhágamar, go breallach, mo choimisiún-sa 'nár ndiaidh ; agus mar sin tá an gnó ar athló go dtí amáireach. Deir sé liom gur 35 franc d'airgead agus 600 de mhandataí an tuarastal míosúil agus fós trí dháilchion, 'sé sin púnt go leith, feola agus trí dháilchion aráin, ceithre púnt go leith, i dteannta pónaire, salainn agus adhmaid thar áireamh. Ach, i n-ainm Dé ! cad é mo ghnó-sa d'arán agus d'fheoil ? Is eagal liom tar éis an tsaoghail go gcaithfead an scéal a tharraing chun Madgett, agus sin rud nach áil liom. 'Seadh, máiseadh, fanfad go dtí amáireach go bhfeicead cad é an bheart a dhéanfad ar an gCléireach i gcúrsaí tráchtála "*Oh, if the States General would but pay me what they owe me!*" Míochomhthrom ciapaithe dhom na dáilchiona bidh sin.

Do chuas chun dighe tráthnóna i dteannta Mhadgett ; agus ar ghabháil tríd na Tuilleries dúinn cé casfaí orainn aghaidh ar aghaidh ná mo sheanchara Stone ó Hackney, ag siubhal le cois Helen Maria Williams, banúdar na "Letters on France." Do bhí beirthe go ceart orm, mar táim ag seachaint Stone ó thána. Ní toisc gur eol dom aon ní 'na choinne é ach gur fonn liom bheith ainiúil. Do bhain sé geallúint díom dul chuige amáireach agus ó's eol do cheana stair mo shaoghail uile beagnach, inneosad do gurab é gnó atá annso agam ná ag cur athchuinghe ar Rialtas na Frainnce d'iarraidh leoríoc éigin thar ceann ar fhulaingeas ar mhaithe leo, agus má éirigheann liom go bhfuilim ar aigne cur fúm san bhFrainnc. Sin í an fhírinne bíodh go bhfuil sí uireasbhach. Do ghluaisigheas le Madgett agus d'ólamar puins, d'innseas i dtaobh mo choimhisiúin do tar éis é chur fé mhionn discréide ar dtúis. Cad a dhéanfad lem chuid dáilchion bidh ? Raghad amáireach chun an Chléirigh agus gheobhad fios cad é cúntas a bheidh aige ar mo leitir go Carnot. Dá n-íocaidís liom an £150 úd, d'fhágfadh san ar mo shuaimhneas mé, ach tá drochmhuinghin an-mhór agam as. Tá díth airgid go dona orm.

Iúl 20.—Do bhuaileas chun tighe an Chléirigh agus chonnac Fleury a thug mo phaitean dom agus ainm Charnot leis agus d'á bhrí sin táim anois, go lom dearbh dáirírbh, im *Chef de Brigade* i seirbhís na Poblachta. Tá Fleury am bhreith amáireach ar a naoi

go dtí an Commissaire Ordonnateur, chun gabháil fé léirbhreithniú, agus as sin go dtí an Ciste chun págh míosa d'fhagháil; mar sin, *Vogue la galère!* Ar órdú an Chléirigh d'innis Fleury rud eile, leis, dom nár thaithnigh ar fónamh ar aon chor liom, 'sé sin gurbh é freagradh Charnot ar m'athchuinghe gur mhaith an leoríoc, dar leis, págh míosa roimh ré; ach, d'á aindeoin sin, munar dhóigh liom-sa san, ba mhaith leis go gcuirfinn i n-úil do'n Chléireach cá mhéid do cheapfainn ba réasúnta. D'iarras ar Fleury a rádh leis an gCléireach go mbreithneochainn an scéal agus go gcuirfinn mo thuairim i n-úil do amáireach nó umanathar. Ní mheasaim-se gur leoríoc i n-aon chor é. An mór é págh míosa? £3. 2. 6 d'airgead. Is neamhní féin é. Cuirfead fé bhrághaid Charnot é i riocht fiach onóra agus íocadh sé é nó fágadh gan íoc é, fé mar is fearr leis. Maidir lem dháilchiona bidh, táim i dteannta 'cheal eolais conus a dhéanfad beartaidheacht leo. Ba ghearr an mhoill ar Fhranncach an scéal a shocrú, ach ní hionann scéal ag coigcríochach é.

Iúl 21.— Do chuas chun dul fé léirbhreithniú ag an gCommissaire Ordonnateur; b'éigean dom filleadh chun órdú d'fhagháil ó'n Aire Cogaidh chun m'airgead páigh a tharrang i bParis. Do scríobhas chun an Chléirigh ag cur mo leoríoc fé bhrághaid Charnot i riocht fiach onóra agus thugas an leitir do Fhleury.

Iúl 22.—Do chuas go hárus an Chléirigh ag triall ar Fhleury; ar theacht amach dom casadh an Taoiseach Hoche orm, adubhairt liom teacht chuige maidin amáireach ar a seacht a chlog chun cainnt ar ár ngnó agus socrú i dtaobh mo dhul-sa ó Pharis. Tá deallramh an ghnótha air sin; Husá! Husá! Bíonn husáil síorraidhe ar siubhal agam, dála an amadáin. Do chuas go dtí an Commissaire agus chuas fé léirbhreithniú; agus as san liom go dtí an Ciste mar a bhfuil leadrán an domhain ag gabháil le fuirmí. fuaireas ar phágh míosa: 35 franc d'airgead,agus 600 'na mhandataí gur fiú indiu 24 iad, agus 300 'na asighnaití: luach, is dóigh, tuairim réil. Ní mór le rádh é, ach san diabhal leis mar airgead.

Do chaitheas dinnéar go suairc i dteannta Stone agus Helen Maria Williams. Polaitidheacht Shasana amháin a bhí ar siubhal againn. Do bhí Stone go croidhiúil, ach b'í H.M. Williams inghean Sheáin Bhuidhe go feilimeanta. Do bhíos féin go caoinbhéasach lághach. Do scríobhas go dtí Munroe d'á fhiafraighe ar mhiste leis, dá mba ghábhadh é, £50 púnt a thabhairt dom. Chun leabthan go han-luath agus mo chómhrádh le Hoche ag rith trém aigne.

Iúl 23.—Do chuas go dtí Hoche ar a seacht agus fuaireas sa

leabaidh é ag cainnt le beirt Taoiseach nárbh aithnid dom. Tá duine aca ag dul do'n Iodáil, go mór i n-aghaidh a thola. Do bhuail an Taoiseach Sherlock isteach. Tuigeadh dom ó'n méid adubhairt sé go mbeidh sé ar lucht ár bhfeachtais-ne agus nach eol do féin fós é. Nuair a bhíodar imithe d'fhiafruigh Hoche díom " cathain a bheinn ullamh chun imeacht ó'n gcathair ? " Dubhart ná raibh aige ach órdú dhom, ach go mba mhaith liom dá mb'fhéidir é go mbeadh a ceathair nó a cúig de laethe agam chun ullmhúcháin bheaga áirithe. Dubhairt sé go mbeadh dar ndóigh, go raibh beartaithe aige imeacht ó'n gcathair i gcionn seacht lá é féin agus dá bhféadadh sé é go dtiubhradh sé ionad suidhte 'na chóiste dhom, ach, muna bhféadadh, go socróchadh sé go ngluaiseochainn fara'n Taoiseach Cherin, an cara ba mhó a bhí aige, agus duine go mbeadh céim ceannais aige san ngnó ach nár scaoil sé fós rún an scéil leis. Do ghabhas mo bhuidheachas leis agus d'fhiafruigheas de, an uair chéadna, ná beadh sé 'na thrúig amhrais mise a bheith ag an gcinncheathrúin agus gur eachtrannach mé. Dubhairt sé go gcuirfeadh sé chun cómhnaithe mé i mbaile tuaithe láimh le Rennes, a chinncheathrúin féin, mar a mbeinn ar neamhaithne, agus mé chun láimhe le n-a linn sin.

D'fhiafruigheas de annsan ar cuireadh i n-úil do go bhfuaireas d'onóir ó'n Árdchómhairle *Chef de Brigade* a dhéanamh díom. Dubhairt sé gurbh eol do agus do thréasluigh dom. D'innseas annsan do gur cheapas gurbh i n-ionad éigin i n-aice leis féin is fearr a dhéanfainn fónamh, gur drochFhrainncis, mar dob eol do féin, a bhí agam, mar sin féin go bhféadfainn mé féin a chur i n-úil agus ó ná raibh an Béarla aige féin go mb'fhéidir go mbeinn áisiúil le linn a chóimhfhreagarthais le muinntir na hÉireann. Ar seisean " Fág é sin ar fad fúm-sa ; chómh luath agus bheir ceangailte linn agus do chath airm i dtreo iarrfad-sa céim Taoisigh Conganta dhuit ; cuirfidh san tú ar an État Major agus, farais sin, caithfir bheith i n-ionad go bhféadfar ceannasaidheacht a thabhairt duit, má's gábhadh. Do ghabhas mo mhíle buidheachas leis agus do cheistigh sé mé. " Ar cheapas an raibh aon dóigh gurbh áil le lucht ionnmhasa, nó le haon chuid aca, réabhlóid a chur ar bun i nÉirinn ? " " Ní háil go dearbhtha," arsa mise, agus dubhart go gcaithfeadh sé a chur san áireamh gach dícheall ó'n dream san 'na choinnibh, go mb'fhéidir, ámh, nuair a bheadh an gnó tar éis tosnaithe go raghadh cuid aca linn ar buille fé thuairim, ach go mbeadh san go mór i n-aghaidh a dtuairimí dáiríribh féin.

D'fhiafruigh sé annsin díom arbh aithnid dom Artúr Ó Conchubhair. Dubhart gurbh aithnid agus go raibh áirdmheas agam air i leith a thallann, a chuid phrionsabal, agus a thír-ghrádha. D'fhiafruigh sé dhíom " Nár dhein súd círéib mhór go deireannach i bPairliméid na hÉireann. Dubhart-sa go ndearnaidh sé an óráid dob éifeachtaighe agus ba mhacánta, im thuairim-se, d'á ndearnadh riamh san Tigh úd. " Seadh," ar sé, " an ngeobhaidh súd linn ? " Dubhart 'ghá fhreagairt go raibh coinne agam leis, ó ba "*foncièrment Irlandais*" é, go ngeobhadh. Do réir deallraimh tá fios maith aca annso i dtaobh óráide an Chonchubhraigh. Má bhuailim choidhche leis, agus tá súil agam go mbuailfead, inneosad do cad dubhairt Hoche agus cad é an clú atá san bhFrainnc air féin. Ní foláir nó go dtaithneochaidh sé go mór leis.

Do lean Hoche de'n chainnt " Tá tighearna id dhúthaigh (do bhain an chainnt sin geit bheag asam de bhíthin m'eolais ar an mianach atá ins na piaraí Éireannacha so againn-ne), mac diúic iseadh é, nách tír-ghrádhthóir é sin ? " Do mheádhas láithreach gurbh é mo dhuine cumainn, an Tighearna Eadbhard Mac Gearailt é, agus thugas tuairisc le sármhaitheas air do Hoche. Do cheistigh sé annsan i dtaobh an Diúic mé. Do fhreagruigheas go raibh coinne le n-a chabhair agam, nó é bheith neodrúil, pé scéal é, dá gcuirtaí an gnó ar siubhal aon uair amháin. Do thagair annsan do'n Ghiobúnach thar a bhfuil de dhaoine eile ar an saoghal. Do dheineas mo dhícheall ar a cheart féin a thabhairt do, dála na ndaoine eile gur thrácht sé ortha, agus is dóigh liom gur chuireas 'na luighe ar Hoche nach aon ollchongnamh mór a gheobhaimíd ó'n Tighearna Árdsainsiléara atá fé'n Rí i nÉirinn.

D'fhiafruigh sé annsan díom, " Cad é an méid arm ba ghábhadh ? " Dubhart-sa d'á mhéid é gurbh eadh b'fhearr, mar go bhféadfaimís saighdiúir d'fhagháil do gach arm teine a bheadh i gcumas na Frainnce a chur chugainn. D'innis sé annsin dom gur éilimh sé 80,000 ach gur deimhin do 50,000 d'fhagháil. Scéal maith é sin. Dubhart 'ghá fhreagairt, nuair a bheadh freastal 50,000 d'airm mar thosnú againn, nárbh fhada go mbeadh a bhfuil d'airm san tír ar láimh againn, agus, fós, go raibh dóchas láidir agam ná déanfadh an militia aon chur 'nár gcoinnibh, agus is iad san amháin an t-aon fhórsa dáiríribh atá san tír. "*Óh !*" ar sé, "*pour l' opposition, je m'en f——*" ; agus ná héiligheadh an léightheóir orm aistriúchán cruinn a dhéanamh, ach gurbh é a bhrí go raibh sé beagbheann air. D'fhiafruigh sé, go mór dáiríribh annsan, arbh eagal liom aon fhonn

chun réim ríochais nó arstocratachta i nÉirinn. Dubhairt sé, ámh fé mar bhí ráidhte ag an gCléireach cheana, dá mba ríreachtas féin a thiocfadh d'á bharr i nÉirinn, go leanfadh an Fhrainnc de'n réim a bhí roimpi gan aon athrú; mar gurbh é príomhchuspóir a bhí aici ná saoirse do sholáthar d'Éirinn, fé rialtas d'aon chinéal i n-aon chor, bíodh go mb'fhearr léi Poblacht, gan amhras.

Do thráchtamar annsan ar na huaisle i nÉirinn agus dhearbhuigheas do, fé mar dheineas do'n Chléireach, nárbh é móradh ná méadú an dreama san go raibh aon eagla agam roimhe, ach a ndeargár d'á thabhairt ó cheirtdhíoghaltas na ndaoine a bhí chómh fada san fé dhaorsmacht neamhthrócaireach aca; agus dubhart nárbh áil liom, go deimhin, a leithéid ach go raibh eagla orm gurbh é ba ródhócha a thuitfeadh amach. Dubhairt sé gan amhras go mba cheart dortadh fola a sheachaint i gcómhnaidhe, chómh maith agus dob fhéidir é; gur tuigeadh do nárbh fholáir nó marbhóchaí daoine fánacha éigin le linn círéibe de leithéid an ní ba dhóigh a bheadh ar siubhal i nÉirinn, ach d'á luighead a marbhóchaí b'eadh b'fhearr; agus go mba chríonna go mór de chómhairle na daoine sin a luadhas a ghabháil, nó leigean dóibh dul ar imrighe go Sasana, rud go mbeadh fonn ortha gan amhras a dhéanamh, ná iad a chur chun báis; agus d'aontuigheas go dúthrachtach leis ann, mar, dála an mhinistir Mac Ádhaimh, "*Ní háil liom go mbeadh fuil an chionntaigh, féin, le cur im leith.*" Do thrácht Hoche, leis, do'n díobháil a deineadh do phrionsabail na saoirse agus do na constaicí breise a cuireadh sa tslí ar Réabhlóid na Frainnce, le méid na fola a dortadh, "mar," ar sé, "nuair a chuirfir fear fé'n ngoilltín déanfair, is fíor, díthiú ar dhuine ach, leis sin, cuirfir a cháirde agus a lucht cómhgais go bráth i n-earraid leis an Rialtas." Cainnt í sin is fiú a mheabhrú. Tá áthas croidhe orm go bhfuil an daonnacht meoin sin ag Hoche mar measaim go bhfuilim féin daonnachtúil; agus tá súil agam go bhféadfam cosc a chur le haon fhuildortadh nach gábhadh i nÉirinn, rud go ndéanfad-sa, go dearbhtha, mo dhícheall 'na chómhair. D'iarr sé annsan orm teacht chuige gach dhá lá nó trí, ar a seacht a chlog, mar go mbeadh sé go deimhnitheach le fagháil an uair sin agam, scurtha, agus dubhairt fós nárbh áil leis mé mheascadh leis an tsluagh. Tar éis do bréithre lághacha a chanadh liom, ní a chuireas-sa i leith mo dhúithche, do scaramar le 'chéile. Ag dul i méid atá mo mheas ar Hoche. Tá sé ar na scafairí is fearr dár labhras riamh leo, meon breágh fearúil aige, agus deallramh breágh fir air.

Ar chasadh dhom bhí freagradh an-mhuinnteardha rómham ó Mhunroe, agus cuireadh chun dinnéir i gcómhair an lae indiu d'fhonn socrú i dtaobh cúrsaí gnótha.

Do dhearmhadas a rádh gur fhiafruigh Hoche díom ar chuir na Cosantóirí riamh duine do'n Fhrainnc chun an scéal a phléidhe. Dubhart-sa ná féadfainn a rádh le deimhne, ach gur dóigh liom nár chuireadar mar gur de thuathanaigh Éireann a n-urmhór, agus ná raibh aca, dar ndóigh, an cumas chuige ná daoine oiriúnacha le cur uatha.

Ar a dódhéag chuas ag cainnt leis an gCléireach. Do bhíomar araon beagán míchéadfadhach i dtaobh m'iarratas-sa ar airgead; ach gur leis an Árdchómhairle a bhíomair i n-earraid agus ní le n-a chéile. Dubhairt sé go raibh sé dearbhtha deimhnitheach ná faghainn aon ní uatha. D'fhiafruigheas annsan de conus d'fhéadfainn-se gluaiseacht ó Pharis i gcionn a cúig nó a sé de laethe, rud gur órduigh an Taoiseach Hoche dom ar maidin bheith ullamh do? Dob ionann san agus "*Gr-Gr-Grimgribber,*" do-san. "Máiseadh," ar sé, "tá an iomad d'á iarraidh agat." Is fada buidhe uaidh é, do rádhas-sa, is gan rud ar bith d'á iarraidh agam. Níl agam-sa ach 'ghá innsint cá mhéid dem airgead féin atá caithte agam agus d'á fhágaint, annsan, fé oineach Charnot cinneadh ar rud réasúnta. Ach ní léir dom, ar sé, cá slí dhéanfar é ná cá ciste i bhfaghthar é. Do fhreagruigheas-sa gur ar órdú De la Croix, Aire na nGnóthaí Coigcríochach, agus Adet, taidhleoir na Poblachta i nAmerica, a thána-sa; gur thairg an dara duine dhíobh airgead i gcómhair costaisí dhom agus gur dhiúltuigheas é, rud a chuirfeadh i n-úil ná raibh fonn sladaithe orm; gurab é an tslí chóir, mar sin, órdú a thabhairt do De la Croix chun leoríoc a thabhairt dómh-sa do réir mar cheapfadh an tÁrdchómhairle ba cheart. Leis sin do chrom an Cléireach "*ar ghearán ar ghanntan bhánairgid agus mise 'ghá shárú i dtaobh teirce an óir agus d'aontuigheamar le 'chéile nár ghainne riamh an t-airgead ná san am so do láthair.*" Mallacht air, go buan síor, mar airgead. B'é mo mhíle guidhe go dúthrachtach gan giní aonair amháin a bheith ar an saoghal. Fé dheireadh dubhairt an Cléireach go labharfadh sé arís le Carnot, ach ní mór é mo dhóchas, admhuighim, agus nach suairc an scéal san. Is mó machtnamh breágh a deineadh dom, le linn na spairne sin, ar an mbuidheachas a bheir náisiúin uatha, ⁊rl. Ach, tar éis an tsaoghail, is *Chef de Brigade* mé agus mé ar barraoid bheith im Thaoiseach Conganta! Do réir mar chím, ámh, is dóichighe clú mór ná mórmhaitheas d'ár

sroichsint de bharr an ghnótha so. "*I beseech you, Sir John, let me have* 500 *out of my* 1,000." "*That may not be, Mr. Shallow.*" 'Seadh, íocfaidh mo thír féin liom, tráth éigin, *allons* máiseadh.

Do tharraingigheas annsan chun an Chléirigh cómhrádh an 18adh lae i dtaobh eadargáin go lom díreach ó'n bhFrainnc 'nár ngnó. Dubhart má b'é brí bhí aige leis sin ionadaidhe ó'n bPoblacht a leigean i mbun aon chuid d'ár rialúcháin-na, gurbh 'in rud nár chóir do'n Fhrainnc a iarraidh ná dúinn-ne a thabhairt. Go mbeadh, gan amhras, cómhacht mhór ag an bhFrainnc, ach gurbh é an chaoi ab fhearr le n-a chongbháil ná gan bheith 'ghá iarraidh. An rud adubhairt sé i dtaobh na Hollainne nár bhain san linn-ne. Gur de bhuaidh catha bhí an Hollainn gabhtha ag na Franncaigh, agus bhí de cheart aca, dá dtogruighidís é, í chaitheamh i bhfairrge; ach níor mhar sin d'Éirinn. Ba mhó ba chosúil sinn-ne le hAmerica san gcogadh deireannach. Do thaidhsigh an Cléireach bheith sásta leis an méid sin, agus ghabhas 'ghá cheistiú an raibh beartaithe ar aoinne le bheith cómhnaitheach láimh leis an Rialtas a bheadh ar bun in nÉirinn. Dubhairt sé go mbeadh an Taoiseach Hoche ann. Dubhart 'ghá fhreagairt go mbeadh súd ar gluaiseacht, ach gurbh eadh bhí i gceist agam-sa ná cinéal *Chargé d'Affaires* a bheadh ar cómhnaidhe. Do fhreagair an Cléireach go gcuirfaí, gan amhras, duine cóir ann. Dubhart go raibh súil agam go ndéanfadh Rialtas na Frainnce toghadh an-chúramach, agus go gcuirfidís uatha duine fadaradhnach discréideach mar gur mór a bheadh ag braith ar a iomchur-san.

Do luadhas annsan gur minic a chuir an Cléireach ceist orm cad é an tacaidheacht a thabharfadh Éire, dá gcuirtaí saoirse ar bun di aon uair amháin, ná déanfadh sí dearmhad de'n chomaoin do chuir an Fhrainnc uirthi agus ná faghthaí tar éis aimsire í i gconnradh le n-a naimhde. Dob é m'aontacaidheacht, d'á thairgsint do, ná ár n-oineach uaisleachta. Anois ar mhiste dhom, adubhart, a fhiafruighe i n-aiseag cad é an tacaidheacht a bhí aige sin le tabhairt dúinn-ne, dá dtairgigheadh Sasana diúltadh do gach ní, ar choingheall go dtréigfeadh an Fhrainnc sinn, ná glacfadh an Fhrainnc leis an dtairgsint sin ? Do fhreagair sé im bhriathra féin mé, " ár n-oineach uaisleachta," agus dheimhnigh dom chómh daingean agus dob fhéidir ná féadfadh an Fhrainnc a leithéid d'ainbheart a dhéanamh, agus creidim féin sin.

D'fhiafruigheas annsan de ar dhóigh leis, dá mbeadh Rialtas curtha le 'chéile againn, an bhféadfaimís iasacht airgid d'fhagháil

san Hollainn nó san Spáinn? Dubhairt sé nár mhuinghin leis é; ná raibh aon airgead ag an Hollainn agus go raibh an Spáin i dtaoibh le beagán de. Má's mar sin é, níl againn ach asighnaití a dhéanamh agus annsan mandataí, mar do dhein daoine is fearr ná sinn. Tá sé ar a dó a chlog anois agus caithfead culaith a chur orm chun dinnéir i dtigh Mhunroe. "*Fine times, Mr. Rigmaroll.*" Gan im threo ach Taoisigh agus Taidhleoirí. Máiseadh, bead-sa, leis, im cheann aca san, nó im dhá cheann aca, go luath amach annseo.

Dinnéar i dtigh Mhunroe. É go suairc. Bean bheag dheas Mrs. Munroe, is déad rógheal aici. Tar éis dinnéir chuas i dteannta Mhunroe isteach 'na chaibinéad. Deir sé liom ná fuil sé airgeadúil fé láthair ach thairg sé £50 a sholáthar dom i gcodaibh deich bpúnt nó a cúig déag, fé mar theastóchadh uaim, nó neachtar aca mé dhul go Skipwith, consul na Stát nAontaithe, d'fhéachaint an dtiubhradh súd airgead dom ar mo bhille féin ar Philadelphia, agus eisean 'na urradh air, nó ar bhille air féin i gcómhair an méid céadna ar ghearrthréimhse, rud go nglacfadh sé leis. Ar an am gcéadna thairg sé deich louis dom i gcómhair costaisí reatha. Is fial san ó Mhunroe. Tar éis mo bhuidheachais a ghabháil leis, dubhart leis de bhrí an cheada thug sé dom go mbainfinn triail as Skipwith, ach ná beadh aon phráinn orm go ceann roinnt laetheannta, agus d'á bhíthin sin d'eitigheas, le mórbhuidheachas, an t-airgead a thairg sé dhom. Tá sé ag imeacht ó'n gcathair anocht go ceann dhá lá; an tríú lá táim-se le dul chuige agus idir dhá linn, fiosróchad an Consul, agus abraimís *a consulendo* leis toisc mise bheith chun dul do dhéanamh cómhairle leis. Mallacht choidhche agus go bráth air mar airgead! Ní chuirfead focal im chuid meamram arís air, dearbhuighim sin. Do bheir sé truailliú ar árdnós mo staire. Is fada an scéal cinnlae é seo, naoi leathnacha, agus níl sé fós ach a sé a chlog. D'óbair dom a dhearmad gur thaispeáin Hoche m'fhorógradh dhom i gcló agus a ainm féin leis. Is é an ceann é atá beartaithe le scaipeadh, agus ceapaim go measfar 'na cheann macánta é.

Iúl 24.—Gan ní le déanamh. Ag an opera tráthnóna, mar is gnáth. *Œdipe à Colonne.* Tá ag méadú ar mo thaithneamh do'n phíosa san agus go mórmór d'Adrien 'na Œdipe. Psyche an ballet agus Duchemin, bean bheag ghleoite, i riocht *Psyche*. Tá taithneamh croidhe agam do thaispeántaisí seo Pharis agus nach seacht mó thaithneochaidís liom dá mbeadh mo dhianghrádh féin im

theannta. Nár fhaghad-sa bás go mbím féin agus ise agus Máire agus P.P. i gclóistín ann ; b'fhéidir go dtiocfadh san fós.

Iúl 25.—Ag fuadaráil timcheall ar feadh na maidne i mbun gnóthaí. Mallacht anuas air. Mé ag cainnt leis an gCléireach agus dubhairt súd liom go bhfuilim le gluaiseacht fara Hoche agus go n-imeocham an 30adh lá, i gcionn chúig lá. Husá ! ní horm-sa ná fuil mórtas 'na thaobh.

Do chuas go tigh Mhunroe ; dubhairt an Rúnaidhe liom go bhfuil duine tagaithe an tseachtain seo go bhfuil leitir aige dhómh-sa. Tá mo chroidhe im bhéal. Le congnamh Dé rithfead liom chómh luath is bheidh mo dhinnéar caithte agam. Tá sceitimíní orm go bhfaghad an leitir sin. Oiread agus líne níl fachta agam ó fhágas New York sé mhí ó shin. Conus tá grádh mo chroidhe agus m'anma, agus ár mbáibíní beaga caithiseacha ? Na ruidíní beaga, is iad m'anam istigh iad. 'Seadh, tá súil agam le scéala ortha anocht. Liaimín bocht agus Fantom mo chroidhe agus mo chuid de'n tsaoghal mo chailín beag, agus a máthair dílis. Och, gan mo leitir agam ! Och, gan mo leitir agam !

(*Tráthnóna*) Mo leannán grádha imithe amach ; d'fhágas nóta 'na chómhair, go bhfillfinn ar maidin ar a haondéag agus d'iarras air an leitir a fhágaint im chómhair dá mba ghábhadh dho féin imeacht roimh an am san. Ní heol dom aon ní is mó chiapann mé ná rud mar seo. Tá gach saghas óspairte agus mí-ádha d'á shamhlú dhom ; is é an scannradh é ; ní bhead am chrádh féin a thuille leis, ní bhead san. Raghad ag siubhal fé na Champs Elysées chun maolú ar mo míchéadfadh. Abhaile arís ; codladh go luath.

Iúl 26.—Éirghe dhom ar a sé, agus turas ar Hoche ar a seacht, é siúd imithe amach agus mo thuras i n-aistear agam. *"I hope my early rising will do me no harm."* Teastuigheann uaim socrú leis i dtaobh an turais. Ar a haondéag bhaineas amach Col. Fulton agus fuaireas mo leitir. Ó Hamilton Ó Ruadháin í, fé dháta Márta 30 cheithre mí ó shin, beagnach, agus ar an lá san bhí mo mhuinntir-se ar fad ar fheabhas. Deir sé, leis, liom gur bhain mo dheartháir, Maitiú America amach Mí na Nodlag seo caithte. Sásamh an domhain a chuireann sé sin orm mar beidh sé 'na fhear cosanta dom mhnaoi agus dom mhuirear an fhaid a bhead-sa amuich, nó i gcás aon drochchríoch a dhul orm-sa san spairn seo atá rómham. Tá m'aigne anois chómh mór ar a suaimhneas agus d'fhéadfainn bheith ag súil leis go ceann tamaill eile. Tuar maitheasa an leitir seo ar bruach imeachta dhom.

Do casadh Ó hEichthigheirn orm do'n chéad uair le cuimhne na sean. Tá mar scéal aige go bhfuil an rascail sin Duckett 'ghá innsint do'n tsaoghal mór go bhfuiltar ag beartú chun Éire a ghabháil, agus gurab iad an Cléireach agus an Taoiseach Hoche na húdair atá aige leis, agus go bhfuil féin ar cómhrún leo. Nach é an crádh ceart a leithéid seo! Seo annso mise im aonarán uathaidh le leithbhliain, d'fhonn aon scaoileadh scéil do sheachaint, agus seo anois bligeárd ag séideadh ar thrúmpa agus ag fógairt fios an ghnótha ar fuaid an tsaoghail. Raghad go dtí an Cléireach amáireach, agus déanfad aithbhear air toisc rún an scéil a scaoileadh, rud atá déanta aige, go bhfios dom, agus ag Hoche chómh maith leis, le cuirbtheoir mar é siúd. Tá ciapadh thar fóir sa scéal. Tá racht feirge orm.

Do casadh mo *chompagnon de voyage*, D'Aucourt, liom, é siúd go rabhas i n-aon tigh leis nuair a thána ar dtúis; bhí sé go lághach agus d'innis dom go raibh ag cur isteach ar bheith 'na *Chef de Brigade* le cur go dtí na hIndiacha Thiar. Maiseadh, tá céim Chef de Brigade ag n-a thuille, leis, ach ní heol do-san san.

Ag an Opera tráthnóna mar is gnáthach. *Iphigénie en Aulide*, a cheap Gluck; is é is fearr de na hoperaí annso. Is sáraoibhinn í Madame Cheron 'na hIphigénie. Ach tá sise molta cheana agam. *Télémaque* an ballet. D'fhág Vestris slán, go fóill, ag Paris, mar go bhfuil ag dul, airighim, go Lonndain. Do chuaidh súd, dar ndóigh, i muinghin a dhíchill, agus dob éachtach é, go deimhin. B'é 'chéad iarracht é ag Madame Gardel (Milliére tráth) tar éis taom fada breoiteachta; is í, gan comparáid ar bith, an rinnceoir mná is fearr san domhan; is aoibhinn liom í, agus ní fhéadfadh sí bheith níos gránna. Ó dhe mo léir! is gearr go n-abróchad "*Adieu to the village delights.*" Ní heol dom conus é ach tá cúig mí caithte i bParis agam gan ceangal a dhéanamh le haoinne, fear ná bean, go mb'fhiú liom feoirling iad, nó go mb'fhiú leo-san feoirling mise, ach is duairc mé d'á aindeoin sin toisc bheith ag imeacht anois as; is aisteach é sin, dar ndóigh, ach is minic a thugas fé ndeara an múisiam céadna. Táim chómh dúr anocht le cat.

Iúl 27.—Dubhairt an Cléireach liom ar maidin go bhfuil págh ráithe órduithe ag an Árdchómhairle dhom. Sin '*tant de pris sur l'ennemi*, ach ní fhágann san ná go gcaithfead £50 d'fhagháil ar iasacht ó Mhunroe, agus is crádh mór liom é mar is bearna eile fós é i gciste bheag róriachtanach mo mhuirir bhig féin; níl aon dul uaidh, ámh, agus "*an rud ná fuil leigheas air foidhne is fearr air.*"

Ní fhéadfainn dul síos chun na gceathrún gan airgead éigin im phóca.

Do chuas go dtí an Champ de Mars go bhfeicinn an *Fête de la Liberté :* é ar sáirfheabhas ach nílim i bhfonn fé láthair i gcómhair *fêtes.* Fonn gluaiste atá orm agus an mhíofhoidhne ag méadú orm do réir mar dhruideann an tráth liom. Níor lugha orm Havre an chéad sheachtain a thána ann ná Paris ar an uair seo. *"Pardonnez princesse à mon impatience."* Is fuath liom imeacht ; dála an scéil is cineálta ó Hoche é mé bhreith 'na theannta ; ní dóigh liom go bhfuilim leath buidheach mo dhóthain. Le fírinne is iongnadh liom a fhuarchúisighe atáim agus a fheabhas atá ag éirghe lem ghnóthaí annso, ar chuma ná raibh aon choinne riamh agam leis. Ba bheag é mo dhóchas an lá d'fhágas Sandy Hook go n-éireochadh liom, agus ní thiocfainn muna mbeadh go raibh cóimhlíonadh dualgais orm. Is míorbhailteach, go dearbhtha, mar atá rudaí tagaithe i gcrích. Cuimhnigh ar mise bheith ar chómhairle cogaidh i dteannta Charnot agus Hoche agus an Chléirigh, ar an gcéim *Chef de Brigade* atá agam, ar mo thaisteal anois fara Hoche, i dteannta a bhfuil fós le teacht ! Nach é an finnscéal dáiríribh é. Tá rud amháin agam le rádh liom féin. Ar m'imeachta san bhFrainnc a mheas ní léir dom aon aindiscréid le cur im leith féin. Do réir mo choinsiasa is dóigh liom go ndearnas beartaidheacht mhaith. Gan aon amhras chuas chun díchill san obair seo. *" Damn me, I was none of your guinea pigs ; I have served all offices aboard, from cook's shifter to the command of a vessel. Here, you Tunley, there's the hand of a seaman, you dog."*

Tá rud eile ba mhaith liom a luadhadh annso. Táim fé chomaoin do-innste, ná féadfad choidhche a chúiteamh leo, ag mo shean-mhaighistrí an tÁrdchoiste; agus d'á bhrí sin níor leigeas le faillighe aon chaoi d'á bhfuaireas chun onóir nó tairbhe a tharrang dóibh, fé mar is léir ins na meamraim a leagas fé bhrághaid na hÁrd-chómhairle annso. Do bhíos gach uair d'iarraidh go gceapfaí iad-san mar bhun do Dháil Reachtais Náisiúnta. Má éirigheann leis sin beidh cluiche mór curtha ar a lámhaibh trím bhíthin-se, agus tá muinghin agus deimhne agam go mbeidh an éirim agus an misneach aca chun an gnó a riar. Dar liom-sa, pé scéal é, tá mo dhualgas cóimhlíonta agam dóibh agus cúiteamh déanta agam leo i gcuid éigin de'n chomaoin mhóir a chuireadar orm. Ní dhearmhadfad choidhche mar bhíodar liom ar uair mo ghéirleanúna, agus mar dhiúltuigheadar go calma mise d'íobairt ar iarratas Ghrattan

agus na Whigeanna. Má thagann, lem chabhair-se, iad súd a bheith fós suidhte i n-ionad na Whigeanna réamhráidhte is deimhniú é, maidir le dreama polaitidheachta, agus le náisiúin déarfainn, chómh maith le daoine ar leith, gurab é slí is fearr le gabháil san deireadh ná slí na honóra agus na macántachta. Ach ná bím ag trácht an oiread san orm féin. Táim ar mire chun gluaiste! ar mire chun gluaiste! *"I think there be six Richmonds in the field."* Ní fheadar ó'n tsaoghal cad do an tagairt sin, ach nach cuma. *"A horse! A horse! my kingdom for a horse."*

Iúl 28.—Turas go doith ar Hoche, agus cómhrádh nóimite agam leis. 'Na theannta san a ghluaiseochad-sa agus imeocham ar an 31adh lá. Sin lá níos deireannaighe ná mar cheapas. Caithfead teacht arís chuige umanathar. Do chuas chun tighe Skipwith, an consul Americánach, a thug £50 dom agus thugas bille dho 'na choinnibh sin ar an Dr. Mac Rághnaill ar £55. Do thabharfainn agus ceann ar £65 níos túisce ná bheinn gan airgead. Táim i n-órdú ceart chun gluaiste anois. Chím go bhfuil na Buachaillí Oráinseacha ag déanamh an diabhail i nÉirinn. Cuid d'obair an Rialtais gan aon amhras. Le congnamh Dé, má thagaim-se slán san tír sin cuirfead-sa stiúir fé na huaisle úd, agus fé lucht a ngríosaithe, go mórmór.

Fête de la Liberté um thráthnóna. Sluagh iongantach thar na beartaibh. Ní fheaca riamh a leithéid agus dob áthas croidhe liom a fheicsint go raibh gach duine go soilbhir sásta. Is é chéad fête d'á bhfeaca é gur ghaibh na daoine go lántoilthiúil leis an sprid a bhain leis.

Iúl 29.—Do chaitheas an mhaidean go fuadrach ag ullmhú chun gluaiste.

Iúl 30.—Do chuas chun an Taoisigh Hoche. Deir sé liom gur i dteannta an Taoisigh Cherin, Chef de l'État Major a imeochad-sa agus go ngluaiseocham tuairim an 12adh lá de'n mhí seo chugainn. B'fhearr liom gur ar maidin indiu féin é. D'iarr sé orm dul go dtí Cherin agus a chur i n-úil do gur mé an duine go raibh sé féin ag trácht air. Do dheineas amhlaidh, ach bhí Cherin imithe amach. Do chuas go dtí an Oifig Chogaidh agus fuaireas órdú i gcómhair páighe ráithe.

Dinnéar agam fara Madgett agus dul dom istoidhche do'n Opera. *Castor* a bhí ar siubhal, rud dúr é le Rameau agus an ceol go tromaidhe, leis. Níor thaithnigh i n-aon chor liom. Ba cheart dom a rádh go dtugas do Skipwith indé birtín fé sheoladh go dtí Holmes agus Raines i bhPhiladelphia. Dhá leitir a bhí ann, ceánn do

Hamilton Ó Ruadháin agus an ceann eile dom chumann dhil féin mar a bhfuil órdú arís agam mo mhuinntir agus mo mhaoin leo d'aistriú gan aon mhoill go dtí an Fhrainnc. Do gheall Skipwith go bhfaghadh cóir le n-a gcur chun cinn go luath neambaoghalach, agus tá súil agam d'á bhrí sin nach é dála na coda eile imeochaidh ortha.

Iúl 31.—*Mo phágh fachta agam, "and are all as drunk as so many swabbers."* Do bheirim deimhin gur maith an t-aithfhriotal san, ó Rigdum Funnidus. Is maith an fhianaise é dúire na meamram so, agus leamhas m'iarrachtaí grinn, ar liostacht mo shaoghail annso. Raghadh díom a innsint an mhíofhoidhne atá orm chun gluaiste.

Lughnas 1.—(Gabhann) *"Oh, merry be the first, and merry be the last, and merry be the first of August."* Is scléipiúil an tosnú é sin, pé scéal é. Táim lán de cheol an mhaidean so, ach is eol do Dhia an croidhe. Thugas cuaird ar an gCléireach 'cheal a mhalairt de chúram. Ní raibh le feicsint agam, ach ar ghabháil amach dom casadh an Taoiseach Hoche orm agus bheir siúd leis mé 'na chóiste go dtí an Taoiseach Cherin, an té go mbead ag taisteal 'na theannta. Ag gabháil na slí dhúinn, dubhart le Hoche go raibh súil agam gur do súd féin a bhí i ndán deaslámh Shasana a theascadh go bráth; agus chuireas síos do ar áidhbhéile na cabhrach de'n uile chinéal, ach go mórmór d'fhearaibh agus de lón bidh, a thugadh Éire do'n tír sin, agus go rabhamar-na anois ar barraoid a bhaint di. Dubhairt Hoche ná raibh aon ní ag déanamh tinnis do ach conus a gheobhthaí lón do'n arm. Dubhart-sa, maidir leis sin, nár tuigeadh dom go mbeadh aon duadh ann; gurab i nÉirinn a gheibhtaí lón do'n chabhlach, do na hIndiaithe Thiar agus do gharastúin coigcríoch Shasana agus chuireas i gcuimhne dho, ní adubhart cheana leis, le linn an ghanntair deireannaigh, nach eadh amháin ná raibh cruadhtan cois baile ach gur chuir sí éacht d'arbhar thar lear go dtí an tír sin. Níor mhiste dhom a rádh, d'á gcuimhnighinn air, go rabhamar ar bruach fóghmhair, agus mar sin measaim go bhfagham flúirse gach ní. Dubhart fós nárbh aon imnidhe dhómh-sa scéal ár gcothaithe, ach conus a raghthaí ann, mar gurbh eagal liom an cabhlach bith-shíorraidhe úd. Do leag Hoche lámh ar ghéig liom agus ar sé: "*Ne craignez rien, nous y irons, vous pouvez y compter; ne craignez rien.*"

D'fhiafruigh Hoche annsan díom, "Ciarbh iad na Buachaillí Óráinseacha úd?" Do mhínigheas do, agus dubhart, maidir leo san,

gur rud gan tábhacht é a shocróchaimís fé chionn trí lá tar éis dul ann. "*O*" ar sé, "*ce n'est rien.*" Do chuireas i n-úil annsan do gur dócha go dtug sé aire go mbeadh cannónóirí agus gunnaí móra go leor aige, mar go rabhamar-na d'á gceal. "Ná bíodh eagla ort," ar sé "ná go mbéarfad-sa mo dhóthain liom agus an saghas is fearr, go mórmór an "artillerie légère." Do cheistigh sé annsan mé an raibh mórán de mhachairí réidhe againn i nÉirinn; dubhart ná raibh; go raibh cladhthacha treasna ar aghaidh na tíre i gcoitchinne; agus thugas tuairisc ar dhíogacha agus ar fhálta na hÉireann do.

Do shroicheamar tigh Cherin um an dtaca san agus bhí súd tinn san leabaidh. Do chuir Hoche i n-aithne dho mé agus anois is cuimhin liom go raibh sé ar na taoisigh go rabhas ar dinnéar leo fara Carnot. Tar éis a shocrú le linn gearrchómhrádha go ngluaiseochaimís idir an 7adh agus an 10adh lá, d'imigheas liom. D'iarr Hoche agus Cherin orm teacht chuca, idir dhá linn, gan bacadh le deasgnáth m'ainme a chur isteach rómham, agus gur lághach san uatha. Sin é anois "*les petites entrées*" agam.

Lughnas 2, 3.—Bán. Is liosta, gránna mar a ghluaisigheann mo shaoghal annso.

Lughnas 4.—Do chuas go dtí Hoche. An drae scéal. Deir sé liom go mb'fhéidir go mbeam go dtí an 16adh nó an 17adh lá gan gluaiseacht, agus is scéal scéirde liom-sa san. "*My soul's in arms and eager for the fray.*" Deir sé liom, leis, nuair a ragham go Rennes go socróchaidh sé féin is mise an forógradh. Do chuireas i n-úil do, ó thárlaidh gur i lár an fhóghmhair a raghaimís ann, nár bhaoghal ná go bhfaghaimís lón ár gcothaithe i nÉirinn. Dubhairt sé gur chuimhnigh sé féin air sin. Do chuas dhá uair ag triall ar Cherin agus ní fheaca ach ar feadh nóimite é. Do bhí feitheamh fada ar chosa laga agam san antesheomra ar feadh breis agus uair a chluig, ach is beag an díth miadha an méid sin. Tugaim fé ndeara de shíor gur mó díomas a bhaineann le híochtaráin ná le huachtaráin. Tá rud go gcaithfead gan a dhearmad. Ó bhí orm-sa, ar thosnú dom, feitheamh freastail a dhéanamh ar dhaoine eile caithfead cuimhneamh ar ar fhulaingigheas d'imshníomh agus de chrádh lem linn agus gan aon ghothaí móra a chur orm féin. Do chuas go dtí an Cléireach. Níl an t-ádh indiu liom. Do bhí sé gnóthach agus ní fhéadfadh labhairt liom, mar sin d'fhágas m'ainm 'na chómhair. Idir so súd, táim míchéadfadhach. Is é moilliú ár ngluaiste dar liom atá am chiapadh. Deir Cherin go n-imeocham an 16adh nó an 17adh lá. Drochrath air mar scéal!

Lughnas 5.—Bán. 'Sé an t-uathbhás é! Táim dóthanach bréan de'n mhoill seo. Do chaitheas dinnéar fara Madgett agus triúr eile Éireannach ins na Champs Elysées. Chómh dúr le seanghearán capaill. Níl de chainnt ag cách ach ár ngnó-na. Cloisim ó'n uile áird é. Ná ciapfadh san croidhe duine.

Lughnas 6.—Bán. Léan léir air! Is tuirseach mé ó bheith ag gearán ar mo thuirse. Ní scríobhfad meamram eile go dtuitidh rud éigin amach, ná baoghal air.

Lughnas 7, 8.—Ag cainnt le Hoche agus le Cherin le 'chéile indiu. Do bhíodar go lághach beagnuacht. Beidh Hoche ag gluaiseacht, measaim, an 11adh lá.

Lughnas 9, 10.—*Fêtes* ar siubhal ag comóradh díochur an ríochais san bhFrainnc. Rása coisithe agus capall agus coimhlinnt reatha san gciorcal san Champ de Mars. Do bhí do láthair ann, fé éidí suaithinseacha, Airí agus lucht an údaráis, agus taidhleoirí iasachta mar aon leo. Dob aoibhinn an tráthnóna é. Fearas armála amháin a bhí mar dhuaiseanna ann, claidhmhte, piostail agus cairbíní de dhéantús Versailles. Níl annsan ach mar ba cheart. Do bhí sluagh dí-áirmhithe ann agus bhí áthas orm a thabhairt fé ndeara go raibh cuma sásta suairc ar gach n-aon. Nuair d'éirigh lucht na hÁrdchómhairle chun imeacht ó'n áit a rabhadar, do bhrúigh na daoine na forairí rómpa agus seo leo isteach i lár baill go bhfeicidís iad. Ba bhreágh liom san d'fheicsint mar nach suarach an scéal i n-aon chor é, dar liom. Tar éis na gnóthaí san Champ de Mars a bheith críochnaithe d'imigh na daoine *en masse* go dtí na Champs Elysées mar a ndearnadh soillsiúchán sárálainn agus cleasa tacairtheine dhóibh. Ní fheaca-sa riamh aon ní chómh loinnirgheal, maidir *le coup d'œil*. Do sheachain Muscaidiní agus mná uaisle Pharis an taispeánadh ach níor bhraith aoinne amuich iad. Is fearr a thaithnigheann an saghas san taispeántais leis na Franncaigh ná le haon dream ar talamh, agus, maidir liom féin de, níor mhó é mo ghreann ná mo shásamh riamh ná le linn dom bheith ag tabhairt na seallach fé ndeara. Idir so súd, chaitheas lá suairc, ní mór ná habróchainn sonasach féin leis.

Lughnas 11, 12, 13.—Casadh Cherin ar maidin orm. Deir sé liom go mbeidh deich lá eile ann sula bhféadam gluaiseacht. Ag an diabhal go raibh sé mar scéal! Conus a mhairfead i n-aon chor leis an moill síorraidhe seo. D'imigh Hoche leis indé.

Lughnas 14, 15.—Do chuireas orm m'éide airm de'n chéad uair; mé chómh mórtasach le buachaill beag ar a chéad bhríste; bíodh

gur baoth, níorbh éadtaithneamhach. Do shiubhluigheas Paris am thaispeáint féin. Husá! *Citoyen Wolfe Tone, Chef de Brigade,* i seirbhís na Poblachta. An opera um thráthnóna; Lays thar cionn ar fad 'na Phanurge, Mme. Guenet 'na hamhránaidhe aoibhinn; ní fheacathas riamh cómhmhaith Mhme Gardel agus Nivelon san *pas russe.* Dob fhiú dul thar lear ó Éirinn go hAmerica agus ó America go Paris chun an rinnce sin ar leithileith d'fheicsint. Measaim ó tá treallamh airm anois orm go bhfuil gotha uasal ag dul ar mo chuid scríbhneoireachta.

Tá ráfla daingean ar siubhal agus fírinne ann, measaim, go bhfuil Hammond, a bhí 'na Thaidhleoir ar son Shasana ins na Státaibh Aontuithe, tagaithe go Calais, le tairgsintí éigin síothchána thar ceann Aireacht Shasana. Níl eagla d'á luighead orm go dtiocfaidh aon ní as; cuid de chleasaibh Phitt é d'fhonn a bheith ullamh, ar thionnscnamh do'n Phairliméid nua, chun a rádh go raibh féin toiltheanach an tsíothcháin a dhéanamh ach ná leigfeadh uaill agus díomas do Rialtas na Frainnce éisteacht le connradh ar bith gan easonóir do Shasana bheith ann. Níl pleanncadh a dhóthain tachta ag Seán Buidhe fós chun go mbeadh ciall tagaithe dho. Im thaobh-sa dhe ní fheicim conus d'fhéadfadh aon tsíocháin a bheith idir an Fhrainnc agus Sasana, agus a dhá Rialtas a chongbháil: caithfidh ceann éigin aca dul ar lár; ní hiad na náisiúin atá i gceist agam ach na Rialtaisí amháin.

Lughnas 16, 17, 18, 19, 20.—Na beárnacha so im chínlae is fianaise iad ar leadrán díomhaoin mo shaoghail annso. Do chuas chuig Cherin ar maidin; fuaireas go séimh é; deir sé liom go n-imeocham i gcionn deich lá go deimhnitheach, eadhon an 30adh lá. 'Seadh, deich lá eile; ach "*'Tis but in vain for soldiers to complain.*" Deir sé liom go dtáinig valet de chambre chuige d'iarraidh go bhfostuigheadh sé féin é, go bhfuil Béarla aige agus go raibh le deireannaighe ar fuaid Shasana, Alban agus na hÉireann; ná fuil aon chuid de dheallramh ná de bhéasa seirbhísigh aige agus gur dóigh leis féin (le Cherin) gur teachtaire é a cuireadh ós íseal chuige chun bheith 'na spiaire air féin. Do gheobhadh sé bheith amhlaidh Do gheall sé é chur ag triall orm-sa, ar theachtaireacht, i gcionn cúpla lá nó trí d'fhonn go ndeininn a mhionscrúdú i dtaobh a chuid eolais ar Shasana, ⁊rl. *À la bonne heure.*

Chím ins na páipéir go bhfuil an tAimiréal Franncach Richery tar éis seoladh ó Chadiz i dteannta scuadrúin láidir leis an Spáin. Má's fíor é fágfaidh san caingean cruaidh le réidhteach idir Shasana,

agus an Spáin. Má cheangluighid le scuadrún Bhrest agus le cabhlach na nDuitseach atá fé láthair san Texel dar liom beid ró láidir d'aon rud d'fhéadfadh Seán Buidhe a chur 'na n-aghaidh Dá mbeadh san amhlaidh, Husá! Husá! (Gabhann) "*How merrily we live, that soldiers be, that soldiers soldiers be.*" Táim lán de cheol agus de dheighmhéin an tráthnóna so, ní foláir liom; ach "*God knows the heart.*"

Lughnas 22, 23.—Do casadh Cherin orm indiu ag tiomáint 'na chabriolet, agus d'fhiafruigh díom an rabhas ullamh chun gluaiste. Dubhart d'á fhreagairt "go mbeinn i gcionn chúig nóimeataí, gur ag fanúint le n-a órdú bhíos." D'iarr sé annsan orm dul chuige amáireach ar a haondéag chun socrú i dtaobh gluaiste agus d'fhéidir mar sin go n-imeochaimís roimh an 30adh lá.

Tá an chaithréim ag leanúint do na hairm i ngach treo. Tá sé 'na scéal nua, nó 'na ráfla pé scéal é, go bhfuil Richery agus na Spáinigh ós cómhair Lisbon agus go bhfuil arm leis an bhFrainnc ar lán-ghluaiseacht treasna na Spáine chun gabháil isteach san bPortingéil. Ba mheasa de bhuille é sin fé chéad do Sheán Bhuidhe ná gnó Leghorn. Cad chuige do na Portingéiligh gan síothcháin a dhéanamh nuair a dhein na Spáinigh é. Ní thuigim é munab é fáth bhí leis ná leomhfaidís a leas féin a dhéanamh ar eagla stainncín a chur ar Shasanaigh. Nach náireach an náisiún iad, agus nach agam atá an fuath dhóibh. Má's fíor an scéal so ar an bPortingéil ní bheidh cuan cáirdeasa ag Sasana idir Hamburgh agus Trieste, agus níos sia ó bhaile, b'fhéidir, gach taobh. Ní fhéadfadh sí seasamh leis sin i bhfad. 'Seadh, má's mall féin iad muilte Dé meilid mion mín i gcómhnaidhe. Má bhíonn an t-ádh le n-ár bhfeachtas-ne ceapaim gur sinn-ne chuirfidh an chaidhp báis uirthi agus bainfeam íoc go daor di as na caisí fola a scaoil sí i n-ár dtír bhoicht-na, as gach ár agus gach creach agus gach caolaois d'á ndearnaidh sí; "*Alors, ce sera nôtre tour.*" Is maith an scéalaidhe an aimsir! Och gan mé, an mhaidean álainn so ar ceann cipe ar thaobh Bhinn Mhadagháin. 'Seadh, gach maith le cáirde.

Lughnas 24.—Cainnt le Cherin; tá socraithe go ngluaiseocham 'chéad lá'Mheán Fóghmhair. "*The devil take Henry of Lancaster and thee!*" "*Patience is stale and I am weary of it.*" D'iarr sé orm dinnéar a chaitheamh 'na theannta an lá sula n-imigheam; chonnac an seirbhíseach úd leis; ní fhuaireas aon ní ionamhrais ann; ach, d'á aindeoin sin, d'fhéadfadh bheith 'na rógaire. Seacht lá fós ar a luigheadh idir sinn agus gluaiseacht. Mallacht air mar scéal?

Lughnas 25.—'Sé scéal an lae indiu go bhfuil cogadh fógarthal ag an Spáin ar Shasana agus go bhfuil, i mbréithre teicniceacha, trí chúis seascad luaidhte san bhfógradh. Tá súil le Dia agam gur fíor.

Lughnas 26, 27, 28, 29, 30, 31.—Bán, bán, bán, bán, bán, bán.

Meán Fóghmhair 1.—Bán.

Meán F. 2.—Annso fós dom. 'Seadh, ní haon mhaith bheith ag eascainidhe, agus mar sin "*'Tis but in vain for soldiers to complain.*" D'fhonn dul ó'n míchéadfadh, atá ag ithe mo chroidhe, táim le roinnt laetheannta ag cur ó chuimhne, cúntaisí mo bheathadh agus mo thuairimí, ar pháipéar.* Ní go ró mhaith atá sé déanta agam agus ní go ró chruinn atá dátaí ach oiread, b'fhéidir, ach is fearr é ná bheith d'á cheal. Cheana féin tá dhá leabhar chómh mór leis seo líonta agam nach mór.

Ag cainnt le Cherin indiu. Ní heol do ach oiread liom féin cathain a bheam ag imeacht ach do gheall go deimhnitheach dom leitir airthineach a scríobhadh go dtí Hoche i dtaobh an scéil.

Meán F. 3, 4, 5.—Cuaird ar Cherin, ní heol do-san náda ach go bhfuil an Colonel Ó Séaghdha, gaol do'n Chléireach, imithe síos go Rennes; chómhairligh sé dhom dul go dtí an Cléireach; mé ar strainn buile ar theacht abhaile dhom agus scríobhas leitir go dtí an Cléireach ag impidhe air órdú dhom gluaiseacht láithreach, agus thugas do Fhleury, d'á aid-de-camp, í.

Meán F. 6, 7, 8.—Tháinig nóta chugam an tráthnóna so ó Cherin d'á innsint dom go raibh leitir fachta aige ó'n Taoiseach Hoche, agus d'á iarraidh orm teacht chuige ar maidin, agus mar sin tá súil agam go mbeimíd ag bogadh fé dheoidh. Níor ghoill an leadrán chómh dona riamh orm agus do dhein ó imigh Hoche, mí nach mór ó shin. Mé ag scríobhadh mo stair chuimhne tráth um a seach agus é sin déanta anois agam chómh fada le tosach 1782; é aimhchliste go leor; ach an tráth bhíonn m'aigne fé bhuaireamh, mar atá fé láthair, ní bhíonn léigheadh, scríobhadh ná machtnamh im chumas. Tá súil le Dia agam go bhfuil gníomh éigin i ndán dom san deireadh; is láinmhithid é, ach ní dem chionnta-sa é nár thosnuigheas fadó riamh. 'Seadh, is fearr déannach ná ródhéannaighe.

Meán F. 9.—Turas ar Cherin. Do gheall go diongbhálta go n-imeochaimís ar an 13adh lá, agus d'iarr orm dul chuige maidean

* 'Siúd é atá i dtosach an leabhair seo.

an dara lae déag, chun órduithe deimhneacha d'fhagháil uaidh; mar sin, san deireadh, táim le bogadh chun bóthair, is dóigh.

Meán F. 13, 14, 15.—Tá Cherin teanntaithe fé dheireadh agam. Tháinig giolla turais chuige araer ó'n Taoiseach Hoche, agus deir sé anois liom nach miste dhom imeacht leis an gcéad ghiolla turais nó fanúint leis féin cúpla lá. Ach is tuirseach mé ó'n bhfionnraighe. Do scríobhas, d'á bhrí sin, do réir a chómhairle, go dtí an Aire Cosanta ag iarraidh órdú gluaiste i dteannta an chéad ghiolla turais eile go Rennes, agus tá geallta aige é d'fhagháil dom amáireach. Husá!

Meán F. 16.—Fuaireas m'órdú agus leagas i láthair Cinnirí an armphosta annso é. Beidh giolla turais amáireach ag imeacht agus tá ionad fachta agam 'na theannta: do dhingeas mo thiach agus mé ar aer a mhaidrín ruaidh.

Meán F. 17.—D'fhágas slán ag Madgett is Ó hEichtigheirn is an Súilleabhánach; scríobhas dhá leitir go dtí Carnot agus De la Croix ag gabháil mo bhuidheachais leo thar ceann a gcineáltais, ⁊rl. D'fhágas Paris ar a trí a chlog san tráthnóna. Tá anois go cruinn seacht mí agus cúig lá beacht ó shroicheas é, tréimhse mórthábhachtach im shaoghal, agus is é imeacht na haimsire a chuirfidh i n-úil an fearrde mo thír agus mé féin é; ach is féidir dom a rádh, tríd an ngnó go léir, go ndearna gach ní do réir mar is fearr a tuigeadh dom choinsias agus dom bhreithiúntas é; agus measaim nach olc an bheartaidheacht atá déanta agam. Níor cheapas, go dearbhtha, ar theacht dom ann go n-éireochadh chómh maith liom agus d'éirigh agus ar uairibh bhínn teanntaithe ag deacraí agus ní bhíodh fear chun cómhairle ná labhartha leis im aice. Táim scartha le Paris anois go fóill, pé scéal é, agus is ag Dia atá a fhios an dtiubhrad an athchuaird go bráth air; ach, pé scéal é, cuimhneochad go deo, le taithneamh rómhór, ar an tréimhse chaitheas ann. Ní dóigh liom go bhfuil aon ní dem ghníomhartha gur mhaith liom a athghairm i bpáirt gnótha, pé scéal é. Maidir le soilbhreas nó caitheamh aimsire, is beag a chleachtas díobh. Ní dhearna ceangal cáirdeasa le haoinne, ná ní rabhas 'ghá iarraidh. Ní dheaghas ar chuaird ná ní tháinig duine ar chuaird chugam, Franncach ná eachtrannach, agus d'fhágas Paris im dhiaidh, tar éis cómhnaidhe seacht mí ann, gan coidreamh aon líntighe amháin a dhéanamh. Is aisteach go leor san. B'iad na hamharclanna an congnamh fuascalta bhí agam i n-aghaidh an dúirleadráin saoghail a bhain dom; ach, tar éis gach ní d'áireamh, is duairc go leor a

chaitheas mo sheal. 'Seadh, má fhillim choidhche díolfad an cómhar liom féin. Is deallrathach anois mé leis an spiaire Turcaigh "*Do chaith cúig bliana ceathrachad i bParis gan aithne ai*r *ná amhras.*" Déarfainn gurbh eol do Mhr. Pitt go rabhas ann dá mhéid a cheileas mé féin; ach má b'eol ní trém locht ná trém neimhdhiscréid-se é. Is greannmhar go leor é, bíodh gur chaitheas mo thréimhse chómh míothaithneamhach san ann, agus nár fhágas oiread agus duine im dhiaidh ann go raibh aon chathú 'na thaobh orm maidir le gradam pearsanta dho, ba leasc liom gluaiseacht ó Pharis. Ach tá san ráidhte cheana agam. *Allons!* Táim chun fairrge arís, feicimís cad a thiocfaidh de'n iomramh so.

Meán F. 18, 19.—Ar bóthar. Ní thárlaidh aon ní dhúinn. Do ghabhamar an dara lá tré dhúthaigh na Chouanach: í go haoibhinn: í chómh maith fé coillte le New Jersey, dúthaigh a chuir sí i gcuimhne go minic dom. An dara hoidhche, óir bhíomar ar bóthar de ló agus d'oidhche, "*fear fell upon me.*" Dá stopadh na Chouanaigh an carráiste, dála mar dheinidís uair um a seach? D'fhéachas mo chlaidheamh agus mo chuid piostal, agus thug san faoiseamh dom. Do bheartuigheas m'anam d'imirt go dian dá dtéigheadh chun catha, mar gurbh fhios dom ná beadh caomhnadh le fagháil ó na ropairí sin. Go hádhmharach, ámh, bhí gach ní ciúin. Chouanach amháin ní fheaca. Husá! Ní mholaim an taisteal. Fuath liom é; ní thugas riamh turas chun mo shásaimh ach fara Ph.P. Is suairc an fear cuibhrinn eisean gan amhras i gcóiste taistil: truagh nach é atá lem thaoibh anois i n-ionad an fheithide seo de ghiolla turais. 'Seadh, b'fhéidir go dteagmhóchaimís fós, agus mar sin "*'Tis but in vain,*" 7rl.

Meán F. 20.—Ar a trí ar maidin do shroicheas Rennes, tar éis trí oidhche a chaitheamh go sásta gan aon chodladh. "*A hundred and twenty miles in thirty-four hours is pretty smart riding, but nothing to the fatigue of recruiting.*" Ní mór é mo mheas ar an aithfhriotal san ach leigimís do. "*Well, now I am in Ardenne, the more fool I; when I was at home, I was in a better place.*" Do chuas do'n leabaidh agus dheineas codladh gaiscidhigh go dtí n-a haondéag. D'éirigheas agus chuireas fios ar *m'adjoint*, Mac Síthigh, atá annso le roinnt laethe. Deir sé liom gur dóigh leis go bhfuil gach ní ag dul chun cinn go maith. Tá an Taoiseach Hoche imithe amach ag iascach agus ní fhillfidh go hoidhche. Is maith liom gur fear iascaigh Hoche mar is duine aca mé féin. Do scríobhas nóta d'á chur i n-úil do go bhfuilim tagaithe agus thugas

do'n tSítheach é le tabhairt do. Dinnéar im aonar agam go sóghail agus d'ólas iomad sláintí thar ceann leasa mo thíre agus mo choimpléisc féin. Bhí P.P. agus mo mhúirnín mná im chuimhne míle uair. Tá mórtas an domhain orm mé bheith fé dheireadh i gceathrúin airm. "*Good apartments, Jack.*" Do chuas um thráthnóna go dtí an Coméide ; *é géardhona.* Do gheiteas, mar b'é píosa bhí ann ná *Drummer* Addison agus aistriú leathfhónta air, agus thaithnigh liom gur bhain na Franncaigh aoibhneas mór as, go mórmór as Mr. Vellum. Is cuimhneach liom go mbíodh Mr. Vellum 'na "*ghrand cheval de bataille*" ag P.P. agus gurbh é thugadh do iomad d'aithfhriotail deaghthoghtha. "*The gift is twofold.*" agus "*A thundering dog.*" Is suairc liom cuimhneamh ar an ráiméis a bhíodh ar siubhal agam féin is ag P.P. le 'chéile ; agus thabharfainn le fonn anocht leath d'á bhfuil im sparán agam, agus go deimhin le fírinne ní mór é an méid sin, ar súd a bheith im theannta. "*Ah! these were fine times, Mr. Rigmaroll.*" Máiseadh, is mór é mo chion ar an diúlach, agus sin í an fhírinne. Tá tuirse anois orm agus mar sin raghad 'on leabaidh d'iarraidh an bhfaghainn aiseag an chodlata a cuireadh amú orm.

XXV

AN TRÉIMHSE THUG TONE I RENNES.

1796—MEÁN FÓGHMHAIR 21 GO DEIREADH FÓGHMHAIR 30.

Bualadh le Hoche, an Colonel Ó Séaghdha, Mac Síthigh, 7rl., i Rennes. Duckett. Filleadh na Spáineach ar Chadiz agus míoshásamh Tone. Ag toghadh ionad tírghabhála i nÉirinn. Cómhrádh ag Tone i dtaobh a chúrsaí féin leis an gColonel Ó Séaghdha. Ag bailiú fóirne luinge. Imnidhe i dtaobh na ndaoine bhí san bpríosún i nÉirinn. Míoshásamh le lucht na luingseoireachta. Iarracht dúnmharbhaithe ar Hoche. Foróграí. An foróghradh bréige. Coidreamh dlúth le hÓ Séaghdha. Tone 'na Thaoiseach Conganta. Cáirdiúlacht Hoche. Gluaiseacht ó Rennes go Brest. Scéala ar ghabháil an Ruiséallaigh, Mhic Néighill, 7rl. i nÉirinn.

Meán Fóghmhair 21.—Thugas cuaird ar an Taoiseach Hoche, agus chaitheas tuairim ceathrú uaire a chluig suidhte 'na theannta ; é go séimh ach gan scéala ar bith aige fós. Táim-se le bheith go ceann tamaill eile im Mhr. Smith, Americánach. Do chuir sé tuairisc Duckett orm. Tá súd annso, airighim. Dubhart nárbh aithnid dom é agus nárbh fhonn liom a aithint, agus thugas tuairisc do ar a scaothaireacht súd i bParis ag maoidheamh as a chómhacht féin i bhfail an Chléirigh agus Hoche féin. Máiseadh anois má théigheann Hoche ar a iontaoibh súd arís ní dem chionnta-sa é, pé scéal é.

Do dhein Hoche cainnt éidearbhtha fé mar go mbeadh duine éigin annso gurbh aithnid do mé, agus go mb'fhonn leis labhairt liom ; ach níor éiligheas fios scéil air agus níor thairg súd dom é. Léireochaidh beagán laethe an scéal, b'fhéidir. Thugas turas ar an gColonel Ó Séaghdha atá annso, uncail do'n Chléireach. Deir sé liom gur stop seachtar Chouanach ar an dtaobh abhfus de Laval é, ar a dó a chlog san ló, agus gur sciobadar uaidh gach ní riamh d'á raibh aige ach bosca de pháipéir a bhain le n-ár ngnó-na a bhí d'á bhreith aige go dtí Hoche agus nár éirigh leo súd a aimsiú, ar ádhmharaighe an domhain. Nárbh é an t-ádh é! Níl annsúd ach beagán laethe ó shin ; agus mar sin is maith a chuas-sa as. Ní

dóigh liom go mbeinn-se, im aonar, iniúil do mhórsheisear Chouanach go mbeadh airm teine aca, fá mar deir sé a bhí ag a leannáin féin. Ní thugadar aon mhasla cuirp do, agus tá fios fachta ó shin aige nach ar a thí sin a bhítheas ach ar tí Commissaire a bhí le dul thar brághaid, mheasadar, le hairgead páighe i gcómhair na saighdiúirí. Do chaitheas dinnéar ag an gcinncheathrúin fara n bhfuirinn ceannais, Hoche, Hédouville, Mermet, ⁊rl. Gach rud go mór neamhshlachtmhar mar is dual do shaighdiúirí, ach is cuma le haoinne pláta neamhghlan nó rud de'n tsórt san. "*À la guerre, comme à la guerre*," mar adeir na Franncaigh.

Meán F. 22.—Ó b'é seo céad lá Vendemiaire, agus, dar ndóigh, an chéad lá de'n chúigiú bliain de ré Phoblachta *comhaonta, dodheighilte, biothbhuaine* na Frainnce, bhí léirbhreithniú mór ar na trúpaí ar siubhal san Champ de Mars agus rása capall, ⁊rl., agus óráideacha ag lucht an údaráis dleaghthaigh. Nuair a bhí deireadh leis casadh Hoche liom. D'fhiafruigh díom, "*An gcuala fuaim na mórghunnaí?*" Dubhart go gcuala, adubhairt. "Aidhe," ar sé, "ní beag dhuit a gcloisfir de sin sula fada." "D'á luaithe is eadh is fearr liom," arsa mise.

Ag an gComéide tráthnóna go bhfeicinn píosa nua, dár scríobh Privat, Aid-de-Camp le Hoche, i dtaobh deireadh an chogaidh i Lá Vendée. Do bhí adhmholta oiriúnacha deaghthráthacha aige ann ar an Taoiseach is ar an bPoblacht. Ógánaigh an État Major a bhí ar an lucht léirithe, agus d'éirigh go maith leo. Do bhí saoirchead ag mnáibh uaisle an bhaile dul ann agus tar éis an chluiche bhí rinnce mór ar siubhal san *Hôtel de Ville*. Hoche féin a thug san uaidh agus bhí ticéad agam-sa; ach, mí-ádhmharach go leor, ní rabhas ar fónamh agus mar sin i n-ionad dul ar an rinnce thána abhaile agus chuas a chodladh agus ba mhór an truagh san, mar

> "With my hat so well cock'd, and my hair so well curl'd
> I look'd like a man of the very first world."

Ní mheasaim go bhfuil an t-aithfhriotal san go cruinnecheart; ach is cuma, tá sé chómh maith le haithfhriotail Ph.P. ar aon chuma.

Meán F. 23.—Ag obair dom ó mhaidean, i dteannta an Cholonel Ó Séaghdha, ag déanamh mindealaithe ar conus mar atá saighdiúirí scaipithe fé láthair i nÉirinn. Do ghaibh an Taoiseach isteach agus do shuidh 'nár dteannta ar feadh leathuair a chluig. Chaitheas dinnéar mar is gnáth fara'n *État Major*. Duine mé anois de'n líntighe, ar gach cuma agus taithnigheann thar barr liom. 'Gabhann), "How merrily we live that soldiers be," ⁊rl.

Tá scomraí fachta agam ag an gcinncheathrúin agus d'aistrigheas mo threalamh d'á bhrí sin. Tá ár n-ionad lonnaithe againn i bPálás easpoig Rennes uair d'á raibh, árus álainn, ach ní fearrde é an Réabhlóid. Tá stábla déanta de'n tséipéal cuir i gcás, agus a lán athraithe eile de'n tsaghas céadna déanta. Ní fios dom nach i seomra an Tighearna Easpoig féin a chodlóchad an oidhche anocht.

D'fhiafruigh an Colonel Ó Séaghdha dhíom indiu arbh aithnid dom *Duckett?* Dubhart leis, fé mar adubhart le Hoche, nárbh aithnid dom é, agus nárbh fhonn liom a aithint ach chómh beag mar gur tuigeadh dom gur bhligeárd é. Dubhairt Ó Séaghdha go raibh sé féin ar an intinn chéadna; go raibh breabhaid nó dhó tugtha ag Duckett fé, ach gur sheachain sé i gcómhnaidhe é. D'innis sé dhom fós go ndubhairt Duckett le n-a lán daoine gurab é an coiste naonbhair a stiúruigheann gnóthaí na gCatoiliceach a chuir é féin annso 'na Thaidhleoir lánchómhachta uatha féin. Do bhain treallús na hiarrachta deiridh sin stad asam. Dubhart gur díolúnach é Duckett, agus dá n-abruigheadh sé bréag chómh hainspianta san im láthair-se go leagfainn d'aon iarracht é. D'impigheas, leis, air Hoche a chur san áirdeal air féin, go mórmór i dtaobh an scéil deiridh seo; agus thairgigheas do ar an uair gcéadna dul ós a chómair i láthair an Taoisigh agus a chur d'fhiachaibh air an fhírinne innsint. Dubhairt Ó Séaghdha nár ghábhadh san mar gur dheimhin leis go raibh a thoimhse súd go maith ag Hoche. Ach nílim-se fós sásta; agus measaim go ndéanfad féin caoi éigin chun an scéal so réidhteach go bun. Mallacht ar an rascail treallúsach! Mo bhráthair Taidhleoir-se. Nár éirghe a shotal leis go deimhin! Tabharfad-sa Duckett do, an raispín, má gheibhim greim ar fónamh air.

Meán F. 24.—Spaisteoireacht dom san ngáirdín i dteannta an Cholonel Ó Séaghdha. Deir sé liom go bhfuil Hoche tar éis plúr na bhfear as arm an Aigéin go bhfuil céad agus seacht míle déag fear ann a thoghadh chun dul ar ár bhfeachtas-na; go raibh na hairm agus gach ní ullamh agus go rabhamar ag feitheamh leis an luingeas. Do réir mar labhair sé thaidhseochadh an scéal go mbeimís ag bogadh i gcionn coighcíse nó breis ach níor theanntuigheas é d'iarraidh aon eolais ní ba chruinne. Tá an séasúr ag imeacht go tapaidh idir na ladhracha againn. Measaim, ámh, go bhfuilid ar a ndícheall.

Meán F. 25.—Ag siubhal mar is gnáth san ngáirdín i dteannta an Cholonel Ó Séaghdha. Dhírigheas an chainnt ar mo chúrsaí

féin agus mar bhí agam tráth i nÉirinn, d'innis Ó Séaghdha dhom go raibh an Árdchómhairle agus Hoche lántsásta i dtaobh céarbh é, agus cad é, mé féin, go dtáinig eolas ar mhódh chuca nár cheadmhach do a innsint dom ach nár mhiste dhom m'aigne bheith ar a suaimhneas maidir lem chreidiúint. Dubhart gur mhór an t-áthas dom go bhfuaireadar deimhniú dhóibh féin ar m'fhírinne, agus nárbh eagal liom aon fhiosrúchán ná scrúdú ar mo cháil ná ar mo chuid prionsabal. Dubhart fós gur mhóide é mo shásamh d'á chionn toisc ná raibh 'fhios agam ná gur do réir an díolúnaigh Duckett atá annso a mheasfaidís mé féin. Do dheimhnigh sé arís dom go rabhadar láinchinnte nár innseas im thaobh féin ach an lomfhírinne.

Dubhairt sé, leis, gur labhair sé le Hoche i dtaobh Duckett agus go ndubhairt Hoche go gcuirfeadh sé thar n-ais go Paris láithreach é; ach go mba mhaith leis an duine chongbháil annso go dtí an nóimeat deiridh, agus annsan é chur uaidh. Scéal áthais dómh-sa é sin, mar nár thaithnigh sé dubh ná bán liom rascail fáin d'á leithéid d'á bhrúghadh féin isteach 'nár ngnó. Ach anois tá aithne go leor air agus, dar ndóigh, ní bheidh aon mhioscais ar a chumas.

Do dhein sé tagairt annsan i gcoitchinne do'n fhearhtas. An dream luingseoireachta amháin fé ndeara an mhoill. Tá an Taoiseach le dul amáireach go Brest d'á mbrostú; agus, ó tá cómhachtaí éagcoitchionna aige, tá súil agam go mbainfidh sé suathadh as *Messieurs les Commissaires*. Tuigeadh dom ó chainnt Uí Shéaghdha go mbeidh míle fear eachraidhe againn, ach caithfidh Éireannaigh capaill a sholáthar dóibh. Ní fios dom fós cad é an sluagh coisithe bheidh againn. Le linn dinnéir d'innis Privat, duine d'aids-de-camp Hoche, agus i dtaobh an phíosa a léirigheadh an oidhche fé dheireadh, d'innis sé dhom go raibh féin agus Hoche 'na saighdiúirí single ins na Gardes Frannçaises agus go ndearnadh corporail díobh araon an lá céadna. D'innis sé, leis, dom gur ó chomrádaidhe saighdiúra a fuair Hoche a *choup de sabre*.

Meán F. 26.—Do ghluais an Taoiseach ar maidin indiu go Brest. Tá súil le Dia agam go mbrostóchaidh sé iad súd. Is eagal liom séideáin trátha equinox d'imeacht tharainn agus gan sinn ullamh 'na gcómhair. Ó chainnt Uí Shéaghdha tuigim go bhfuil sé beartaithe go ragham de sciúird ann. Gach duine mar is fearr fhéadfaidh, máiseadh. Do bhí coinne agam go gcasfaí cabhlach na Spáine linn ag Brest, ach deir sé liom gur fhilleadar thar n-ais go Cadiz, tar éis Richery a thionnlacan go láthair éigin anaithnid. A n-anama do'n diabhal, na hamadáin! claoidhfar iad, agus na

Franncaigh, leis, ceann ar gceann; agus dá gcruinnighidís le 'chéile gan mhoill i Muir nIocht bheadh a n-aon chabhlach ró láidir d'aon ní d'fhéadfadh Sasana a chur 'na n-aghaidh go fóill agus ba leor seachtain d'ár ngnó-ne. Má scaoilid an chaoi seo uatha, agus is eagal liom go ndéanfaid, ná bíodh coinne aca go bráth le n-a leithéid eile. Tá uathbhás aigne indiu orm. Ach fanam go bhfeiceam an mbeidh aon toradh ar thuras Hoche. Beidh sé cúig nó sé lá amuich. Tá 180 míle slí as so go Brest. Aimsir d'á mheilt! Pé scéal é, tá an dísle caithte maidir liom-sa, agus táim imeartha thar fóir ar an scéal a chur chun críche. Tagadh a dtiocfaidh; do dheineas-sa agus déanfad mo dhualgas agus má thuitim, tuitim. Níl buairt d'á luighead ar m'aigne 'na thaobh san. Is róghearr eile, dar liom, nó go mbeidh deireadh agam le héideimhine; agus pé ní d'á olcas d'imeochadh orm níor ghéire de pheanaid orm é ná an fionnraighe agus an t-imshníomh atá am mharbhú le fada. "*Courage*" adeirim arís eile. Féachaimís cad déarfaidh Hoche ar a theacht.

Meán F. 27.—Ráfla ann go bhfuil Tomás Grenville i bParis agus tairgsint éigin síothchána aige. Ní suim liom-sa é; níl ann ach amhailt le Pitt, má's fíor i n-aon chor go bhfuil sé annso. D'á éaghmais sin tá leitreacha fachta indiu ag an gColonel Ó Séaghdha ó'n gCléireach, is ní luaidhtar ionnta é siúd a bheith tagaithe. Tá scéala dhúinn ionnta go bhfuil gach ní ag dul chun cinn a luaitheacht 's is féidir. Is mall lem mhíofhoidhne-se, ámh, a luaitheacht 's is féidir. Is dianfhada le fear fionnraighe é. Ach, tar éis na mbeart b'fhearr liom liairneáil i Rennes ná i bParis.

Meán F. 28, 29, 30.—Bán.

Deireadh Fóghmhair 1, 2.—Bán folamh! Tá bréagnú indiu san *Journal des Defenseurs de la Patrie*, a foillsightar fé údarás an Árdchómhairle, ar scéal úd Tomás Grenville a bheith tagaithe. Is beag suim a chuireas-sa san ráfla le n-a linn, ach taithnigheann go mór liom spioraid an bhréagnúcháin, is gur nóta oifigiúil é. De dheallramh tá beartaithe ag an Árdchómhairle díomas Shasana a leagadh ar lár, agus tá glacaithe mar phrionsabal aca ná geobhaid féin le haon tsíothcháin nárbh é a thoradh a códhnacht maraidheachta a bhaint di-se, saoirse ar fhairrge d'athchur ar bun, méadú luath ar luingeas na Spáineach, na nDuitseach agus na bhFranncach, agus tionnscal is tráchtáil na dtíortha san, go raibh Sasana i n-éad is i n-earraid leo nuair ná fulaingeochaidís a thuille bheith na n-óinseacha aici, a chur chun uachtair barr. Má dheineann an

Árdchómhairle gníomh diongbhálta do réir na bprionsabal san, agus muna bhfuil an Spáin modartha thar fóir, is dóigh liom nach foláir nó go luigheadóchar Sasana go mbí sí laistigh d'á ceart-teoranna aicionta féin ; agus bíodh a fhios choidhche gurab é'chéad iarracht chuige sin a saoirse thabhairt d'Éirinn.

Deireadh F. 4, 5.—Is mór an taithneamh a bhainim as bheith ag allagar leis an gColonel Ó Séaghdha. Seanduine an-lághach é go bhfuil seirbhís sé bliana triochad tugtha aige 'na Oifigeach eachraidhe. D'innis sé dhom araer agus mé suidhte 'na theannta gur scríobh an Taoiseach Ó Cléirigh chuige go bhféadfadh sé lán-mhuinghin a bheith aige asam-sa ; ach mar sin féin, ní mór a innseann sé dhom, má's eol go dearbh do féin puinn ; sin rud, ámh, gur beag d'á bhuairt orm-sa. Beidh eolas gach ní agam luath mo dhóthain. Thugas liom, ámh, go bhfuiltar ceapaithe, má's féidir é, sluagh a sé nó a seacht míle de ropairí a scaoileadh isteach fé Shasana, chun maireachtaint ar coinnimheadh buannachta agus chun an uile shaghas léirscriosa a dhéanamh. Má thagann san i gcrích déanfaidh sé ceataighe thinn di. Ní fheacaidh sí riamh deatach teine a namhad, agus ní fhéadaim a dhearmhad choidhche gur ghlan cúig míle d'fhearaibh leathghorta, ó Ghaeltacht Alban, an bóthar rómpa go rabhadar i ngoireacht céad míle de Lonndain, agus go n-éireochadh leo, b'fhéidir, an cluiche a chríochnú dá mb' nár bhreallsún an Pretender. Is uathmhar, dar deimhin, an tslí chun cogaidh é, ach do mhúin Sasana féin an t-eolas san ngnó nuair a rúisc sí na grathana imritheach fé'n bhFrainnc isteach, agus ar scáth na míghníomhartha árrachtacha a deineadh dá dheascaibh sin san tír seo tá ceart do'n Fhrainnc gabháil le meoin ar bith chun díoghaltais. Níl le rádh leis ach gur aiseag cóir é. Ba mhaith liom a fhios agam conus a réidhteochaidh cogadh Chouanach le Sasana 'na bolg féin istigh.

Do bhíos féin agus an Colonel Ó Séaghdha indé ag clárú agus ag socrú i dtaobh na mbóithre gheobhthaí ó gach cuan 'na raghaimís i dtír, go Baile Átha Cliath. Braithim 'na dhuine fírréasúnta é. Ar aon fhocal dúinn gurab é an chéad rud ná a chéile dul i dtír i n-áit éigin, agus chuige sin, dar ndóigh, an calaphort ba ghoire do Bhrest b'é ab fhearr, mar go bhféadfaimís ár rogha ruda dhéanamh dá mb' ar thalamh dúinn ar aon chor, de bhrí ná raibh san arm ach sean-ghaiscidhigh a thug blianta fada le saighdiúireacht i La Vend agus do hoileadh le gach cruadhtan, agus nárbh aon nuacht dóibh dul 'cheal an éadaigh nó na mbróg, nó an aráin féin ar uairibh. Dá

mbeadh orainn, ámh, calaphort a thoghadh d'aontuigheamar go mb' é Béal Feirste é nó, pé scéal é, chómh goirid do Bhéal Feirste agus dob fhéidir ; nó neachtar aca Portláirge nó an dúthaigh sin. Cómhfhaid uatha araon Baile Átha Cliath. Do dheineamar socrú, ámh, i gcómhair dosaon ionad, measaim, chun tírghabhála, timcheall an chósta. Deir sé liom go bhfuil stór mór d'éadach ag Hoche a ghaibh sé ó na Sasanaigh nuair a rug sé an bhuaidh mhór ag Quiberon. Sin go deimhin "*tant de pris sur l'ennemi.*"

Do dheineamar cuid mhaith cainnte i dtaobh mo ghnóthaí-se, dubhart-sa cuir i gcás dá dtárluigheadh, tré aon tionóisc, go gcoiscfaí an feachtas, go raibh iarracht d'imnidhe orm cad a chinnfeadh an Árdchómhairle a dhéanamh im thaobh féin ; go rabhas tar éis mé féin a chreachadh thar fóir, 'na seirbhís sin cuid de ; gur ar mo chostas féin amháin a mhaireas ó thána do'n Fhrainnc mar ná fuaireas ó'n bPoblacht ach cion mo pháighe, agus gurbh eol do-san ná raibh íoc mo mhná nigheacháin san méid sin ; ná raibh fiú mo phágh dhom le linn dom bheith ar bhóthar ná ó thána go Rennes agus ná héileochainn, mar gur ar mo thír féin a bhíos ag braith chun leoríoctha i gcás dá dtéighimís choidhche ann ; ach dubhart arís, muna dtéigheadh an feachtas chun cinn, ná féadfainn a mheas go gceadóchadh an Árdchómhairle mé a scrios amuich is amach, agus go mb' é sin droichchríoch d'imeochadh orm muna gcoimeádaidís 'na seirbhís mé. Dob é freagradh Uí Shéaghdha ná raibh mearbhall d'á luighead air ná go ndéanfaí m'fhostadh, mar nár cheap sé go bhféadfadh an Árdchómhairle col oinigh a dhéanamh i gcás duine go bhfuil oiread comaoine aige ortha ; agus dubhairt sé, fós, nár bhaoghal leis ná go ndéanfadh an Taoiseach Ó Cléirigh beart éifeachtach ar mo shon. Ba mhór an faoiseamh dom aigne an méid sin toisc mo mhná agus báibíní mo chroidhe 'stigh.

Seo linn annsan ag tógáil caisleán i nÉirinn chómh breágh is tógadh riamh san Spáin. Dubhairt an Séaghdhach go raibh sé d'á thaidhreamh do, dá n-éirigheadh linn, a raibh de sheilbh aige san bhFrainnc a dhíol agus cur fé i nÉirinn. Dob é mo fhreagradh-sa go mbeinn-se, mar le duine, go háthasach 'na thaobh san ; agus b'é sin féin an fhírinne. Dubhart, leis, go mbeadh gnó againn d'á thallainn agus, go mórmór, d'á thaithitheacht ar chúrsaí armála chun córú a dhéanamh ar ár n-arm féin agus mar sin go raibh súil agam go bhfaghaimís ionad do chun leoríoc leis as a mbeadh d'fhónamh déanta aige dhúinn agus an dochraide chuir sé air féin ag scarúint le n-a mhuinntir agus ag cur a shláinte, ba lag cheana,

agus a phearsan féin, i mbaoghal cruadhtain iomraimh agus chogaidh gheimhridh. Ó thaidhsigh sé gur thaithnigh an chainnt sin leis, níor scaoileas le faillighe é gan focal nó dhó a rádh ar m'aiste féin agus ar mo dhóchaisí. Do chuireas i gcuimhne dho ná raibh ní ar bith fachta agam go dtí san ó'n bhFrainnc ná ó Éirinn ; ach, ar a mhalairt, go raibh m'aimsir, mo shaothar, mo phearsa agus mo mhaoin caithte ar mhaithe leo araon ; ná raibh aon mhearbhall orm, d'á mbeirimís buaidh, ná go bhfaghainn leoríoc, ach thairis sin,fós, gur d'á mhéid iomrádha a dhéanfadh Rialtas na Frainnce agus an Taoiseach orm-sa ar dteacht i nÉirinn iseadh ba mhó bheadh sé im chumas-sa fónamh a dhéanamh do'n Fhrainnc, agus d'Éirinn, agus d'ár gcáirde a raghadh ar an bhfeachtas. Gur chreideas gurbh eol do mo dhúthracht agus mo ghrádh do chúis na Poblachta, agus a bhuidhiche bhíos do'n Árdchómhairle ; agus d'fhágas fé n-a thuairim arbh fhearr do'n Fhrainnc, nuair a bheimís-ne ag ceapadh Rialtais dúinn féin, fear a bheith i n-ionad feidhme go bhféadfadh sí bheith muinghineach as a chuid prionsabal agus a dhílse, agus gur rud é sin d'fhéadfaí a chur chun cinn go maith, agus i gcrích b'fhéidir, dá ndeineadh an Taoiseach cúram de fé mar bhí ráidhte agam ; agus go dtuigfeadh idir Chatoilicigh agus Protastúnaigh nach dómh-sa go pearsanta, ach thar a gceann féin a dhéanfaí an cúram san díom, de bhrí ná raibh ceart ar bith agam chuige ach tré bheith im fheadhmannach dóibh féin agus muinghin, do leomhfainn a rádh, aca asam. D'éist Ó Séaghdha liom go haireach agus dubhairt gur léir do go cruinn an tairbhe thiocfadh as an gcúrsa bhí molta agam ; gur bhain réasún le gach ní d'á ndubhart agus gur cheap sé gurbh é sin éirim a bhainfeadh an Taoiseach féin as, agus go ndéanfadh beart d'á réir. D'iarras air machtnamh a dhéanamh ar a raibh ráidhte agam agus go gcasfaimís ar an scéal arís sula n-imighimís.

Deireadh F. 6, 7.—Is fearr i n-aghaidh gach lae a thaithnigheann an seanCholonel Ó Séaghdha liom ; a chómhrádh san amháin atá ag teacht idir mé agus an tuirse leadráin atá am chlaoidhe. Do bhí sé 'na Rúnaidhe ag an Diúic d'Orléan atá marbh agus tá a chuimhne sin fé mhórurraim aige. Tá ábhacht dhá lá déanta aige dhom le hiliomad scéilíní i dtaobh an Phrionnsa mhí-áidh sin ; is go bhfuil sé ag dul 'na luighe orm gur míchlú nár thuill sé atá curtha air ag gach dream san Réabhlóid. Is daingean an deimhniú é, pé scéal é, ar mhaitheas a mheoin féin a dhúthrachtaighe agus a dhílse a ghní sé cosaint ar cháil an duine sin ná fuil ar a chumas fónamh ná míofhónamh a dhéanamh do féin. Is taithneamh liom a thabhairt

fé ndeara a dhícheallaighe is a theasaidhe bhíonn sé d'iarraidh go mbeadh deaghthuairim agam-sa do'n Diúic; agus, go deimhin, ó n-a thuairisc sin air creidim nach eadh amháin go raibh neimhchionntach san gcoir tré n-ar cuireadh go dtí an goilltín é ach gurbh fhear árdoinigh agus misnigh agus ionnraicis i gcoitchinne é. Is léir, measaim, gurab amhlaidh a deineadh íospairt de idir an dá chabal, lucht na cúirte agus na Iacoibínigh. *Mais parlons d'autre chose.*

Do thaispeáin an Taoiseach Hédouville do'n Cholonel indiu leitir a fuair ó Hoche mar a n-abruigheann sé go bhfuil sé ag baint préamhacha as talamh d'iarraidh gnóthaí a chur i ndáil a n-ullmhaithe i mBrest, agus go bhfuil súil aige go mbeam i gcionn trí seachtaine ag dul ar bórd. Díolúnaigh iad na feadhmannaigh luingseoireachta, agus tá teirce mairnéalach ann ach gur cuireadh órdaithe go hairthineach an lá so go dtí na cinnirí airm ar feadh an chósta chun cuardach agus gabháil a dhéanamh ar gach fear luingseoireachta agus gach aithid aca a chur go Brest, agus tá duais sé livre an duine le fagháil, rud a chuirfidh faobhar chun oibre ortha. Beidh sé ' na Shamhain sula sroicheam ann má's sroichsint i n-aon chor dúinn le hádh; agus, dar ndóigh, is slógadh geimhridh a bheidh ann dúinn. Bíodh aige, is fearr fhéadfam-na fulang leis ná an dream a bheidh 'nár gcoinne. Is olc an gotha bheidh ar uaisle tuaithe na hÉireann le n-a gcuid leabthacha clúimh agus mairtfheola agus claréide ós cómhair na ngrenadóirí seo againn-ne a thaithigh le cheithre bliana gach cinéal cruadhtain agus uireasbhaidhe san gcogadh mallaithe seo La Vendée atá críochnaithe ag Hoche go róchaithréimeach. "*Damn it, we're all militia captains and who's afraid of death?*" Tá tuairim deich gcinn fhichead de phuirt Éireannacha scríobhtha agam i gcómhair banna ceoil mo chipese, má bhíonn a leithéid agam, rud go bhfuilim i n-amhras beagán fé is go gcaithfead d'á bíthin sin é chur i n-úil do Hoche nuair a fhillfidh sé, óir "*when both house and lands are spent, then learning is most excellent.*" *Thar barr! thar barr—fóill! Go dona mheasas a rádh!* Is róshuarach an t-aithfhriotal é sin, le lomlár na fírinne d'innsint.

Deireadh F. 8.—D'aistrigheas go dtí malairt seomraí indiu d'fhonn slí dhéanamh do'n Taoiseach Debelle, dearthái cleamhnais Hoche atá díreach tagaithe. *À la bonne heure.* "*They talk of further alterations which causes many speculations.*" Tá gach aithfhriotal agam le déannaighe chómh maol aimhchliste agus ab fhéidir; ach

conus d'fhéadfainn a bheith tagarthach agus mé ar fionnraighe urghránna mar seo?

Deireadh F. 9, 10, 11, 12.—D'fhill an Taoiseach araer ar a hocht a chlog. Do bhí sé amuich ó'n 20adh lá de'n mhí seo caithte. Do bhí an Colonel Ó Séaghdha ag cainnt ar maidin indiu leis ar feadh ceathrú uaire a chluig. Deir sé liom go bhfuil Hoche beartaithe ar imeacht, *coûte qui coûte*, agus go bhfuil gach ní ullamh ach mairnéalaigh agus go bhfuil órdaithe tugtha aige iad san a phreasáil ar feadh an chósta chómh fada le Bordeaux.

Och! gan sinn ar bórd nó, go dearbh, gan sinn i dtír arís tar éis bheith ar bórd. "*I 'gin to be weary of the sun.*" D'innis sé do Hoche go raibh beartaithe ar bhóithre eagsúla againn ó imigh sé agus, ó bhí an chaoi aige, thrácht sé orm-sa agus is dócha nach ar mhionmholadh a chuaidh sé; ach, maidir le n-a ndubhairt sé, dar ndóigh ní heol dom pioc.

Chím i n-alt i bpáipéar Franncach gur gabhadh triocha duine i mBaile Átha Cliath le tréas. Cia hiad a bheadh i gceist! An bhfuil aoinne dem cháirde-se ortha? Níl luadhadh ar aon ainm. Tá súil le Dia agam go mbeam luath go leor i nÉirinn chun iad d'fhuascailt, pé hiad féin. Ba ghleoite go léir é dar liom, an Taoiseach Hoche, mar urradh go dtiocfaidís siúd arís do láthair cúirte; agus ní dóigh liom go ndiúltóchaí fiú mé féin a scaoileadh ar saorghabháil fé'n urraidheacht chéadna.

Táim féin agus an Colonel Ó Séaghdha tar éis bheith ag léigheadh an córas armála atá ag America, agus ag ceapadh ár dtuairimí air. Má shroichimíd slán anonn molfad-sa gabháil leis, tar éis roinnt athraithe. Tá sé ar fheabhas i gcómhair airm a caithfar a chur le chéile fé dheithneas, le n-a léire agus a chruinne atá sé.

Deireadh F. 13, 14.—D'imigh an Taoiseach gan coinne indiu ar a dódhéag go Paris. Do réir deallraimh nuair a thug cuaird ar Bhrest bhí sé míoshásta, agus a chúis aige, le riaradh gnótha na luingseoireachta. Thugadar geallúintí maithe dho, ámh, agus d'fhill sé go Rennes, ach d'fhág órdú fé rún ag duine ionmhuinghine fios scéil a chur chuige conus mar bhíodar ag dul chun cinn. Tá scríobhtha ag an duine sin chuige gur laguigheadh ar an ullmhúchán go léir ó imigh sé. D'á dheascaibh sin, tá sé imithe fé fheirg mhóir go Paris agus tá súil agam go bhfillfidh i gcionn beagán laetheannta agus lánchómhacht aige an bóthar a thabhairt do ghasradh de na cladhairí gíománach so na luingseoireachta.

Ar iarraidh an Cholonel Ó Séaghdha táim tar éis dileagradh gearr a scríobhadh do thuathanaigh na hÉireann d'á léiriú dhóibh na tairbhí móra a tháinig do thuathanaigh na Frainnce de thoradh na Réabhlóide. Tá so curtha i bhFrainncis aige, agus cóib tugtha don Taoiseach aige, le léigheadh ar an mbóthar do go Paris. Chím, do réir dhá pháipéar ó Shasana fé dháta an 13adh agus an 14adh lá de'n mhí seo caithte, go bhfuil mórán arm agus lón lámhaigh agus gunnaí móra d'á dtabhairt isteach i nÉirinn go laethiúil. Is maith liom san ar iomad fáth. Deirtar, leis, go bhfuiltar chun athchórú dhéanamh ar mhúr chosanta Dhoire Cholmcille agus chun céad píosa ordnáis a bhualadh ar bharr an fhalla. Measaim ná fuil annsan ach "buaileam-sciath" mar ní léir dómh-sa cad chuige chuirfidís múr cosanta ar Dhoire. B'fhearr liom go mbeadh leithead ár mbonn d'Éirinn againn, agus ba ghearr le dul orainn a gcuid múrtha. Táim marbh ó'n tsíormhoilliú so; ach fear gnímh is fuinnimh iseadh Hoche agus tá sé, idir chorp is anam, tugtha chun an ghnótha so. Is é mo thuairim go bhfuil sé chómh dian liom féin san scéal, agus is mór an sásamh san dómh-sa. Is dóigh go mbeidh sé coighcíos amuich.

Deireadh F. 15, 16.—D'fhill an Taoiseach gan coinne ar maidin ar a naoi a chlog. Do réir deallraimh bhuail giolla turais ar an mbóthar leis agus scéala aige nár fhág aon riachtanas a thuille le n-a dhul go Paris. Adeir an Colonel Ó Séaghdha liom indiu go raibh sé ceapaithe, tar éis sinn-ne a chur i dtír, go gcuirfaí an cabhlach le trí mhíle fear go dtí na hIndiaithe Thoir, ach de dheascaibh ceannairce i Mauritius go bhfuil an ní sin tréigthe anois agus go bhféadfaimíd-ne an luingeas agus na fir a chongbháil. Do chuireas i n-úil do ráfla bhí cloiste agam, go rabhamar-ne ag feitheamh le cannónóirí ó arm *Shambre et Meuse*, ní dob aisteach liom dá mb'fhíor é. Do dheimhnigh sé dom nárbh fhíor ar chor ar bith é, tá trí chomplacht cannónóirí againn cheana agus tá, go dearbh, gach ní ullamh ach na mairnéalaigh; agus tá órdaithe daingeana diongbhálta curtha amach ag Aire na Luingseoireachta is ag an Árdchómhairle, chun iad san d'fhagháil. Dubhairt sé liom, leis, go mb'fhéidir go gcloisfinn, fé'n am go raghaimís féin i dtír, scéala ar chíréib éigin i Sasana agus go raibh súil aige, sula mbeadh deireadh againn, go dtiubhraimís turas ar Sheán Bhuidhe féin. Do réir an ghnáthbhéasa ionmholta atá agam níor chuireas tuairisc na círéibe a bheadh ann air. Tiocfaidh sé féin, agus a scéala le n-a chois, luath a dhóthain.

Deireadh F. 17.—Is de dheonú Dé atá an feachtas so againn-ne agus anam an Taoisigh tagaithe slán ó bhaoghal. Araer, idir a naoi agus a deich nuair a bhí sé ag filleadh ó'n gComéide i dteannta na dTaoiseach Debelle agus Hédouville, bhí rifíneach i n-oirchill i gcúinne a scaoil urchar piostail leis i ngoireacht cúig nó sé de shlata do ach, go hádhmharach, níor bhuail sé é. Do theich an rifíneach láithreach ach do theanntuigh beirt Aids-de-Camp, a thárlaidh ag gabháil na slí sin é sula raibh sé céad slat ó bhaile. Fuairtheas an piostal, leis, san áit ar leig sé uaidh é. Nuair a gabhadh agus a ceistigheadh é, d'admhuigh sé gur fhostuigh duine é, agus thug sé a thuairisc, chun an Taoiseach Hoche a dhúnmharbhú, agus go bhfaghadh sé caoga Louis mar dhuais. Do chrom sé ar a ghlúinibh i láthair Hoche. Do dhein súd go deighbheartach é agus d'iarr air éirghe 'na sheasamh mar nár cheart go raghadh aon fhear ar a ghlúine chuige féin, agus d'iarr air an fhírinne go léir d'innsint, agus do dheimhnigh do ná raibh aon olc aige féin chuige. D'innis súd a scéal annsan agus do ghluais an bheirt Aids-de-Camp agus gárda leo ar lorg an chuirbtheora eile. Fuaireadar 'na leabaidh é agus bheireadar go cinncheathrúin leo é. Cuireadh fios ar ghiúistís agus tugadh an bheirt i bhfianaise a chéile. Do shéan an dara fear aca gach uile rud; agus, tar éis a lán ceistiúcháin, do cuireadh an bheirt go dtí an charcair. Do réir deallraimh, an fear a chaith an piléar is oibridhe é san armlainn; agus ó Pharis le deireannaighe do'n duine eile, ceannaidhe capall adeir sé. D'fhonn an chéad duine a mhealladh chun an dúnmharbhú a dhéanamh dubhairt sé leis gur de lucht leanúna an Rí é agus gur i bhfónamh do'n Rí a dhéanfaí Hoche d'ídiú. An scéal san, agus geallúint na caogad Louis, a thug air beartú ar an ngníomh. Moreau an chéad duine agus Teyssierd an fear eile. Níorbh fhéidir iomchur an Taoisigh a shárú le linn an ghnótha san go léir. Im pháirt-se dhe, ní heol dom cad a buaidhfeadh a bhás do dhream an Rí. Ar an am gcéadna tá sé 'na dheimhin go dtáinig an cuirbtheoir seo Teyssierd d'aon ghnó anuas ó Pharis chun é dhúnmharbhú. Níl amhras le dúnmharbhú agam ar na Sasanaigh, ach is dearbh fé láthair gur fearr go mór d'oirfeadh bás Hoche dóibh sin ná mar d'oirfeadh do'n truaghán san Louis XVIII. 'Sé brí an scéil ná feadar cad iad na fátha a chuirfinn i leith an ghnímh fhuathmhair seo. B'fhéidir go ndéanfadh beagán laetheannta léiriú éigin ar an scéal.

Deireadh F. 18.—De dheascaibh gnótha an lae indé do deineadh cuardach i dtigh lóistin Teyssierd agus fuairtheas cás de phiostail, dhá

arm theine agus trí aerghunna ann, agus an dá chinéal deiridh aca fé chré san ngáirdín. Do bhí, leis, ameasc a chuid páipéar, seolta a lán daoine i bParis agus i Lonndain. Bheadh aithmhéala orm, d'á mhéid é m'fhuath do sna Sasanaigh, a cheapadh go mbainfidís feidhm as aon chóir chómh táir chómh hurghránna le dúnmharbhú chun teacht ar an ní bheadh uatha ; ach féach go bhfuil a lán chómh holc leis déanta san gcogadh so aca, i Quiberon agus áiteanna eile. Is rómhór is eagal liom go bhfuil baint ag Árdchómhairle Shasana leis an ngnó ifreanda so agus is deimhnighe de mé ó fuair an Taoiseach rabhadh beagán laethe ó shin ó'n Aire Cirt bheith i n-aireachas air féin ; mar go raibh gíománaigh Sasanacha chun iarracht a thabhairt ar é mharbhú. Tá Hoche ró neamhchúramach ar fad 'na thaobh féin ; agus, de bhrí na ngnóthaí atá ar láimh aige, ní críonna an chómhairle dho bheith amhlaidh, bíodh gur móraigeantach uaidh é. Do bhí sé amuich araer go dtí tar éis a deich a chlog.

Tamall maith dhom indiu ag cómhrádh leis an gColonel Ó Séaghdha. Níl de chompánach annso agam ach é agus bainim taithneamh mór agus eolas as a chainnt. Deir sé gur dóigh leis gur gearr uainn imeacht anois, ná fuil aon iontaoibh ag an Taoiseach as lucht na luingseoireachta ; ach go bhfuil beartaithe aige má castar cabhlach Shasana leo go mbeidh ortha cath a thabhairt mar, ó thárlaidh go mbeidh beirt shaighdiúirí i n-aghaidh an duine aca ar bórd, go gcuirfidh sé amach mar órdú coitchionn é, pé hé an chéad duine, oifigeach nó mairnéalach, pé céim gur de é, a staonfaidh ó'n ngleo go lámhachfar láithreach ar an leibheann ceathrún é. Is tréan san ó Hoche, nó mar déarfadh P.P. " 'is fearúil diongbhálta". B'fhearr liom, ámh, gur ar *terra firma* do triailfaí ár ngaisce, mar táim ar aon tuairim leis na Turcaigh, " go dtug Dia an mhuir do na hainchreideamhaigh agus an talamh do na creideamhaigh fíora." *Pis aller* dúinn iseadh cath ar muir ach bíodh gurab eadh, má caithtar é thabhairt, caithfar. Na diabhail Spáineach san, cad chuige dhóibh gan bheith ar an uair seo i gcómhgar Bhrest. Do chuireadar fraoch feirge ar na Sasanaigh tré thionnlacan Richery ó Chadiz, agus sin iad anois iad i dtaoibh le lagiarrachtaí agus gur drochchómhairle choidhche an tláithe ; ach 'na ionad san dá ngeobhaidís linn láithreach d'fhéadfaimís ár mbuille do bhualadh gan baoghal agus b'in cabhlach Shasana curtha d'á chumas choidhche arís chun bagartha ar an bhFrainnc ná ar an Spáin, nó is mór mar mealladh mise. Truagh gan mé mí im cheann ar chaibinéad na Spáine.

D'innis Ó Séaghdha scéal feilmeanta indiu dom. Do chuir na Sasanaigh caoga Louis ar fionnraighe chun a íoc leis an gclódóir annso as cóib de'n ghairmscoile a thuigeadar a fhoillseochadh Hoche pé ball 'na mbeadh a thriall. Fuair seisean fios an scéil agus, ar chómhairle Uí Shéaghdha, cheap sé gairmscoile i gcómhair na bPortingéileach agus do chrom annsan ar chuardach le móirdhiscréid agus dícheall ameasc na sagart d'iarraidh duine thuig an Portingéilis chun é thionntódh dho. (Is truagh gan Mr. MacSíomoin úd annso go raibh an éirim gur innseas cheana 'na taobh chun Portingéilis aige.) Tar éis an ráfla a chur ar siubhal mar sin ameasc na rógairí úd, chuir sé Ó Séaghdha ós íseal go hAingiers, go dtí clódóir ann go bhfuil muinghin aige as, agus thug air an ghairmscoile a bhualadh fé chló ann agus thug togha an aire ná raghadh oiread agus cóib de ar bóiléagair. Ba mhaith an cuimhneamh ag an gColonel Ó Séaghdha é agus níl amhras d'á luighead agam ná go ndéanfaidh na rascailí sagart úd beart ionnus go raghaidh scéal na gairmscoile go Sasana. Imirt chóir ar chluiche í.

Do thráchtamar tamall ar mo chúrsaí féin, agus gheall an Colonel Ó Séaghdha, tar éis greas mórmholta a thabhairt ar mo shaothar-sa nár bhaoghal do a dhearmhad, dá sroichimís Éire slán, a chur i n-úil go lánchruinn, gach tráth agus áit go mba riachtanach é, cad é mar thoradh tábhachtach a tháinig dem dhícheall-sa san bhFrainnc agus a thuille eile. Do bhí cáirdeas agus deighmheas 'na chainnt agus níl aon amhras agam ná go ndéanfaidh a thuairisc sin tairbhe dhom. Ní thaidhsightar dómh-sa aon ní mícheart ná aon uisce fé thalamh a bheith san méid sin. Nár chailleas a raibh agam leis an gcúis ? agus ná fuil fónamh maith déanta agam, agus fónamh riachtanach, dar liom, dom dhúthaigh ? Do gheallas do'n Cholonel Ó Séaghdha, 'na aiseag san, dá ráinigheadh dómh-sa choidhche bheith i n-aon ionad d'fhágfadh ar mo chumas é, go gcuirfinn i n-úil do an buidheachas a bhí agam air as ucht a chineáltais. Mar sin d'fhágamar an scéal. Mar sin iseadh fhágfad-sa é.

Deireadh F. 19.—Ó ráinigheas do'n áit seo ní fhuaireas scéal ná duain ó'n Taoiseach, is ar éigean a labhraimíd le 'chéile nuair a theagmhuighimíd le linn béile agus bhí iarracht d'imnidhe ag teacht, d'á bhrí sin, orm : mar, ó tá beirt Éireannach annso, MacSíthigh agus Duckett, im éaghmais féin, agus ó's breallsún duine aca agus díolúnach an dara fear, ní fheadar go ró chruinn ná gur aon tómhas amháin a dhéanfadh an Taoiseach orainn go léir, nuair a bheadh sé ag ceapadh tuairime orainn. Thugas, d'á bhrí sin, indé, leid

aimhdhíreach do'n Cholonel Ó Séaghdha ar an míoshuaimhneas a bhí orm i dtaobh an doichill chómhrádha a bhraitheas ar an Taoiseach. De dheascaibh an ní adubhart, bíodh go deimhin gur bheag é, labhair sé leis 'na thaobh le linn dinnéir. Do dheimhnigh an Taoiseach do nár bhaoghal do mise shamhlú leis an mbeirt eile. Dubhairt sé, ámh, agus is í an fhírinne í, dá dtaispeánadh sé go raibh aon tsuim ar leithileith aige ionnam-sa go dtiubharthaí fé ndeara láithreach é, agus go dtosnóchadh daoine ag fiafruighe agus go mba cheataighe é sin agus gur róriachtanach mise d'fhanúint ar neamhaithne ag daoine chómh maith agus dob fhéidir. Dubhairt sé, leis, go bhfeicfinn, i dtráth agus i n-ionad cóir, conus mar ba mhian leis mo riar. Thug san orm bheith lántsásta.

D'innis an Colonel Ó Séaghdha dhom, leis, gur fada bhí sé 'na scéal dhá chómhairle an ngeobhthaí leis an bhfeachtas so againn-ne i n-aon chor, de bhrí go raibh Truguet, an tAire Luingseoireachta, an-tugtha do rud a bhí beartaithe aige féin i gcómhair an India; ach, fé dheireadh, tar éis a lán duaidh, gur éirigh leis an Taoiseach Ó Cléirigh a thabhairt i gcrích go bhfaghadh ár ngnó-na tosach. Má bhainimíd Éire amach fé dheoidh, is mó le rádh san ná leithchéad scéim de chuid Thruguet.

(*Istoidhche*) Tá luaidhte agam thuas cad dubhairt an Taoiseach indé im thaobh féin. Tar éis dinnéir indiu bheir sé an Colonel Ó Séaghdha i leathtaoibh agus d'aithris arís do na fátha bhí aige le beagáird a thabhairt orm-sa, agus d'iarr air an méid sin a léiriú dhom. D'innis an Colonel Ó Séaghdha dho go raibh san déanta aige agus go rabhas-sa lántsásta im aigne 'na thaobh. D'innis an Taoiseach annsan do go raibh sé tar éis céim Taoisigh Conganta a thabhairt dom, rud a thabharfaidh dom, maidir le fear airm, buntáistí rómhóra; agus dubhairt fós go raibh rud amháin a chongaibh fé chosc é maidir liom, sé sin an rascail sin Duckett do bheith san treo, go raibh leitir dhrochmhúinte fachta aige uaidh sin, agus go raibh sé ar aigne é dhíbirt chun bóthair ar maidin amáireach. Do labhair sé a lán eile muinnteardhais agus ghaibh Ó Séaghdha buidheachas cóir leis thar mo cheann-sa. Go dearbhtha, deimhin, ní fhéadfaí an Taoiseach a shárú ar fhéile. Tá áthas croidhe orm, ar iomad fáth, go bhfuil beartaithe aige an fán fada a chur ar Mhr. Duckett. Dubhairt an Colonel Ó Séaghdha liom go bhfuil súil aige go mbeimíd ag gluaiseacht i gcionn cheithre lá nó cúig agus gur iarr d'aisce ar an Taoiseach sinn a bheith i dteannta 'chéile, agus go dtug an Taoiseach órdú d'á réir d'á *Aid-de-camp*, Poiton. Tá mo

hileagra-sa i gcómhair tuathanaigh na hÉireann, leis, léighte ag an Taoiseach agus é lántsásta leis ; i dtreo is go bhfuil gach ní, maidir liom-sa, ag dul chun cinn chómh rathmhar agus ba mhaith liom. Husá ! féach mé im Thaoiseach Conganta ! 'Seadh, dar fia, ach is greannmhar san. An ndéanfaidh Oifigeach fónta dhíom ? Cad fáth ná déanfadh *" It is a life I have desired, I will thrive."*

Tá óráid an Rí léighte againn mar a n-abruigheann go bhfuil fonn chun síothchána air ; ach is beag é m'áird air sin. Dubhairt Ó Séaghdha liom go mb'fhéidir go bhfuil ar an uair seo féin rud éigin ar siubhal i Sasana, agus nár bheag mar cheataighe ortha é, agus nár dhóiche rud ná go bhfaghaimís scéal air fé chionn beagán laethe. Sin é an tríú turas ar a luighead aige ag cainnt go diamhair liom ar an scéal san, ach tá sé mar bhéas agam gan dul dian air lorg faisnéise choidhche.

Do thráchtamar ar dileagra a cheapadh i gcómhair mhuinntir na hÉireann i gcoitchinne, d'á ngríosú chun a saoirse a bhaint amach agus é sin a fhoillsiú nuair a raghaimís i dtír ; agus shuidheas féin le n-a thaobh agus scríobhas roinnt leathnach mar thosnú. Is dóigh liom go ndéanfad iarracht lasánta dhe ; ach tá tuirse anois orm, tá an deireannaighe ann agus raghad 'on leabaidh. Nach deas an diúlach mé le bheith im Thaoiseach Conganta. *" Mr. Klinker-Floyd, I would say hi, hi, hi—I suppose you are too great a man to acknowledge your old acquaintance, ho, ho, ho."* 'Seadh is dona aimhchliste an t-aithfhriotal é sin, le fírinne a rádh, ach cá gábhadh do shaidhdiúir tagarthacht scoláire ann, *" with their Novids and Omars and Blutracks, and stuff. By Gad, they don't signify this pinch of snuff." " Damn Homo with all my heart, I am sure I have the marks of him sticking on my a—— yet."* Ó dhe de ! is deisbhéalach na haithfhriotail iad do Thaoiseach Conganta.

Deireadh F. 20.—Fuaireas m'órdaithe indiu cur díom go Brest umanathar an chéad lá 'Bhrumaire. Husá ! Husá ! Táim le dul i gcóiste an Taoisigh Debelle i dteannta colceathar Hoche agus Privat a *Aid-de-camp*. Do réidhtigheas gach gnó liom i Rennes ar an dtoirt agus bhailigheas mo chip is mo mheanaithí. Táim ullamh ar fógradh nóimite. Táim go dian ag obair ó mhaidin ar mo phaimpléid agus béadánach go leor atá san. Tá an Colonel Ó Séaghdha 'ghá chur i bhFrainncis, do réir mar táim ag cur díom, d'fhonn an Taoiseach do dhéanamh scrúdaithe air ; agus is fearr liom i bhFrainncis é aige sin ná i mBéarla agam féin. Is dóigh

liom go ndéanfaidh sé an gnó cuibhcasach go leor nuair a bheidh críoch leis.

Deireadh F. 21.—Do casadh an Taoiseach araer orm 'na aonar san ailéar. Tháinig sé chugam láithreach, agus d'fhiafruigh an raibh gábhadh le haon ní agam le hucht ghluaiste? Do ghabhas mo bhuidheachas leis agus dubhart ná raibh. Annsan ar sé, "mar má tá, táim 'á iarraidh ort é innsint domh-sa, do charaid, gan aon scáth." Do ghabhas mo bhuidheachas arís leis agus dubhart dá mbeireadh an riachtanas orm go mbainfinn feidhm as an ngeallúint, ach fé láthair ná raibh gábhadh agam le haon ní. Do labhair sé annsan. "Ní duine mé atá tugtha do nithe a rádh, ach táim 'ghá rádh leat a thuigsint ar gach ócáid gur cara dhuit mé, agus bí-se d'á réir liom." Do chuireas mo bhuidheachas, de'n tríú uair, i n-úil do agus mar sin chrothamar lámh le 'chéile agus scaramar. Ba rílághach uaidh é, agus d'iarras ar an gColonel Ó Séaghdha a chur i n-úil arís do a mhéid a chuaidh a chineáltas i bhfeidhm ar m'aigne.

Deireadh F. 22.—Do ghluaisigheas ó Rennes ar mo shlí go Brest fara Privat agus Marie Hoche. Ba thaithneamhach an turas againn é tré thír álainn fé chlúdach crann, dúthaigh dúthchais na Chouanairí féin. Gach feirm go hálainn; na bailte móra—nárbh fhios dom a n-ainmneacha muna mbeadh an léarscáil—go suarach, na sráid-bhailte go huathmhar. Is fearr go fada Sasana ná an Fhrainnc, maidir leis sin, ach gan breith ar bith aici uirthi maidir le gach áilneacht eile tíre. Do stadamar ag Montauban. Ocht nduine déag oifigeach atáimíd de shochaidh ann, de'n État Major ár n-urmhór. Suipéar lántsuairc againn. Teirce diablásach leabthan ann. D'fhonn deaghshompla thabhairt do shíneas féin agus Privat tharainn mar bhí againn, ar mhata ar an urlár. Níor thuit néall orainn leath na hoidhche ach ag gáiridhe agus ag ceapadh crosánacht dona grinn. Ní rabhamar ró dhingthe, óir ní raibh ach naonbhar againn i n-aon tseomra beag amháin. Taithnigheann saoghal mar seo liom thar gach ní eile. Tá scléip agus réidhmheanma ag baint le saighdiúirí a bheir taithneamh thar barr dom. Bíonn biadh i gcuibhreann againn. Ní íocaim-se aon ní mar go dtug an Taoiseach órdú d'á cholceathar déanamh mar sin; d'órduigh sé farais sin, fé mar chuala ó Mharie Hoche, gach aire agus ómós a thabhairt dom; is gur taithneamhach thar barr san dar ndóigh. Deirim arís eile gur breágh liom so.

Deireadh F. 23—Mar do bhí indé. Stad ag Broon chun codlata ann. Cuibhreann scléipe mar is gnáth agus cóir mhaith cúnláiste ag an Auberge. Beirt bhreágh ógánach de mhuinntir Dhaltún, clann oifigigh Éireannaigh, garchlainn d'Ó Séaghdha, táid ar an ngasra againn agus iad go muinnteardha agus go cúramach im thaobh-sa : cómhar a dhíolfad leo má shroichimíd ceann cúrsa. Is maith liom an bheirt aca, Séamas agus Alastar, go mór. B'fhearr liom go mbeadh Béarla aca, rud ná fuil ach go briste.

Deireadh F. 24—Stad ag Lamballe. Is léir dom atharrach mór iomchuir fém chuid compánach ó ghluaisigheamar chun siubhail. Le linn bheith i Rennes ní raibh aoinne neamhmuinnteardha ach ní dhearna aoinne aon róchúram díom ; tá a atharrach san anois ann. Fágtar an suidheachán onórach fúm-sa, an seomra is fearr fúm féin ar leith agus gan de rogha aca san ach mar is fearr fhéadfaid a aimsiú. Tá súil agam nach gábhadh dhom innsint gur beag na gothaí a chuirim orm féin, d'á bhíthin seo ; 'na ionad san bím ar mo dhícheall d'iarraidh bheith ceanníseal cúramach im iomchur agus tá sé de shásamh agam a fheicsint nach gan 'fhios dóibh siúd atá an discréid iomchuir sin ag gabháil liom. Tá an t-atharrach iomchuir im chomrádaithe chómh soiléir sin gur fiú liom é luadhadh annso, agus measaim nach mó agam iad ná mise aca-san. Ní beithte do choigcríochach, i seirbhís na Frainnce, gan bheith ríchúramach ar gach poinnte ; agus, maidir leis an rud ba chóir a dhéanamh, táim-se ar a luighead tuigseach 'na thaobh, pé scéal agam é maidir le n-a chur i ngníomh. Is fearr thaithnighid Franncaigh liom ó ló go ló ; is mór an greann liom na geámaí atá ag baint leo agus gur mór le háireamh iad, ach is trúig déistine aisteacht an tSasanaigh i gcómhnaidhe beagnach.

Deireadh F. 25, 26, 27, 28.—Scéal gnáith. Stad ag St. Brieux, Guincamp, mar ar fhanamar lá do leigean scíthe. Ag Morlaix dinnéar i dteannta an Taoiseach Ó hArta, Éireannach i seirbhís na Poblachta.

Deireadh F. 29.—Ar maidin sular ghluaisigheamar do chuir an Taoiseach Ó hArta fios orm agus do thaispeáin dom páipéar Sasanach a bhí díreach fachta ar iasacht aige, *Morning Post* Mheán Fóghmhair 24, mar a raibh alt a hathchlóbhuaileadh as *Northern Star* an 16adh lá roimhe sin. Tá deimhniú san alt mí-ádhmhair sin go bhfuil an rud i gceist go bhfuil le fada súil go himeaglach agam leis. Do gabhadh mo cháirde croidhe an Ruiséallach agus Somhairle Mac Néighill an lá san le tréas, i dteannta Rowley Osborne, Haslitt,

agus duine nach aithnid dom dárab sloinne Ó Seancháin. Siad dream a ghaibh iad ná Marcus Downshire, Iarla na hIarmhidhe, agus tighearna Lonndan-Doire fara'n té sin is measa cáil ar chuirbtheoirí—Seon Pollock.

Ní féidir a mheas a dhéine a ghoill an tubaist mhór so ar m'aigne. Muna mbímíd-ne i n-am i nÉirinn chun iad d'fhuascailt tá deireadh leo; mar ná fágfaidh an Rialtas aon chaoi ó sna Flaithis anuas go dtí Ifreann thíos gan cuardach chun iad a dhaoradh. A Dhia láidir! má claoidhtar iad cá bhfaghad aon bheirt le cur 'na n-ionad? Mo chara bocht an Ruiséallach gur 'na theannta chaitheas na trátha ba shuairce dhem shaoghal. Ní mó cion aon dearthár ná mo chionsa air-sin, fear a thabharfadh an t-anam ar mo shon-sa nó ar son mo mhuinntire, dá mba ghábhadh; agus MacNéighill, fear macánta, calma, fiúntach, togha Éireannaigh agus Poblachtaidhe fónta; agus iad araon tar éis saothar chómh tairbheach san a dhéanamh d'á dtír. Is truagh lem chroidhe anois oiread fonómhaide a chur síos im chuid meamram i dtaobh an Ruiséallaigh bhoicht, fé'n ainm P.P. 'Seadh, tá deireadh feasta leis an bhfonómhaid sin; is mithid gnóthaí eile a cheapadh. Ní bhead am chor féin annso ag bagairt díoghaltais nach urrain dom a bhaint amach. Ní foláir nó níor thréig Dia chómh mór san fós mé ná go mbead i n-am chun mo cháirde d'fhuascailt. Beidh ar mo chumas, pé scéal é, a mbás d'agairt, agus san gcás san de "mo thruagh-sa lucht a gclaoidhte!" Chítar dom go bhfuil a n-iomchur mar ba dhual dóibh agus mar ba dhual do'n chúis go ndéanfar íosbairt ortha d'á chionn. Thug Mac Néighill agus an Ruiséallach iad féin ar láimh dóibh d'á dtoil. Do bhí Uiliam Sampson lán de mhisneach, agus thug masla ar leith fé dhó nó trí ar Thighearna Iarmhidhe, an cucól suarach úd. Cuireann an tubaist seo i gcuimhne arís dom bás mo charad Sweetman bocht, rud go mairfidh a chiach go bráth agam, agus gabháil Sheáin Mhic Eochaidh. Maidir leis an duine deiridh sin, ó tá na páipéir Sasanacha feicithe agam cuibheasach coitchiannta riamh ó shin agus ná fuaireas tagairt ar bith do'n scéal, is mór é mo dhóchas gur scaoileadh leis láithreach agus nár bhain tubaist ar bith dho. Má fhillim choidhche ar Éirinn ní fios ach do Dhia cad é an bhail a bheidh ar na diancháirde d'fhágas im dhiaidh, nó an mó duine aca mhairfidh ar aon chor. Tá buairt ós meon orm i láthair na huaire, agus is móide é de bhrí ná féadaim aon ní dhéanamh dóibh. Raghad ag triall ar Hoche a thúisce is thiocfad go Brest agus cuirfead an mí-ádh so i n-úil do · ach, maidir leis siúd, ní gábhadh san mar is deimhin

liom go bhfuil sé cheana ar a dhícheall ag brostú gach ní. A Dhia láidir! má bhíonn de'n donas orm bheith ró dhéannach, cad a dhéanfad? Ní beag liom cuimhneamh air. Má dheinid beartaidheacht mhaith b'fhéidir go moilleochadh san an triail tamall maith, agus má dheineann b'fhéidir go saorfaimís fós iad. Níl ach cúig lá is dachad ó gabhadh iad. Ach má tá de dhonas i ndán dom ná saorfaimíd iad, ní bheidh de shólás feasta agam ach súil le díoghaltas. Deirim arís, ámh, ná bacfad le bagarthaí roimh ré. Má shroichim ann, agus sroichsint ró dhéannach ann, chífeam cad is fearr a dhéanamh.

Deireadh F. 30.—Tar éis an oidhche araer a thabhairt ag Landerneau do shroicheas Brest indiu ar a haon a chlog, tar éis bheith deich lá díreach ar an mbóthar. Thugas sciúird láithreach fé thuairim an Taoiseach d'fhagháil, ach bhí súd imithe amach. Do chuas ag triall ar an gColonel Ó Séaghdha agus chuireas cás ár gcáirde i n-úil do. Deir sé liom má ráinigheann leo an scéal a mhoilliú beagán go bhfuil súil aige sinn a theacht i n-am i gcabhair ortha. Dia d'á leigean san! Deir sé go bhfuil gaol do, oifigeach áirdchéime i seirbhís na Poblachta agus a cuireadh go hÉirinn ó'n Árdchómhairle tuairim cheithre mí ó shin, díreach tagaithe thar n-ais agus gur dóigh go mbeidh sé i mBrest i gcionn a cúig nó a sé de laethe. Beidh scéala barántúla aige sin dúinn, dar ndóigh, i dtaobh aiste na tíre.

XXVI

TONE I mBREST

1796—Samhain 1 go Samhain 30

Scríobhadh forógraí i gcómhair mhuinntir na hÉireann, 7rl. Scéal bréagach i dtaobh réabhlóide i nÉirinn. Constaicí chun moille ag lucht na luingseoireachta. Ráflaí go raibh Franncaigh i dtír i Sasana ag milleadh is ag argain. Ceist iomluchtaithe na saighdiúirí go hÉirinn. Cur Mhic Síthigh 'na theachtaire rúin go hÉirinn. Scéala ó Bharry St. Leger i dtaobh cúrsaí i nÉirinn. Tone ag soláthar earcach ameasc na bpríosúnach. Míoshásamh leis na Spáinigh. Órdaithe i gcómhair an Cholonel Tate chun Sasana a scrios. Leannán ag Hoche. Droichiontaoibh ag Tone as murchath. Ullmhú chun dul ar bórd luinge. Leitir chun Mhrs. Tone.

Samhain 1, 2.—Táim tar éis bheith ag obair go dian riamh ó thána annso ar dhileagra chun muinntir na hÉireann, a cuirfar i gcló annso agus a scaipfar nuair a ragham i dtír. Ní mór go bhfuil aga chun bídh agam, ach baineann sé an taithneamh as an obair dom bheith ag smaoineamh de shíor go bhfuil na daoine, ba mhó go dtaitneochadh a moladh liom, ar an nóimeat so d'á dtriail, b'fhéidir, chun báis nó beathadh. 'Seadh, ná bím, má fhéadaim, níos sia ag machtnamh air sin mar scéal.

Táim fós gan an Taoiseach d'fheicsint. Deir an Colonel Ó Séaghdha liom gur cuireadh an Taoiseach Quantin chun siubhail ó Fhlushing le dhá mhíle de na ropairí is mó i n-arm na Frainnce chun dul i dtír i Sasana chun an mhioscais is mó is féidir a dhéanamh, agus go bhfuil trí mhíle againn-ne de'n chinéal céadna, agus orainn iad a radadh ar chósta Shasana mar an gcéadna. Is uathmhar an nós chun cogaidh é agus gan ceart ar bith leis ach an tslí atá Sasana tar éis an Phoblacht a chiapadh. D'á mhéid atá fuath agam d'agairt cionnta a lucht treoraithe ar mhuinntir aon dúthaighe, ní fhéadaim mileán a chur ar na Franncaigh nuair a thagann feilleghníomh na Sasanach ag Toulon i gcuimhne dhom, nó an aindeise a tharraing sí ar an triúch san de'n Phoblacht gur ghabhas go déannach tríd, nó na haisighnaití agus na Louis bréige a cheap sí; agus go

róspeisialta an gléas uathbhásach, do-innste, do bheartuigh sí chun muinntir uile na Frainnce a chur chun báis de'n ghorta, gníomh chómh mallaithe sin, agus go dtáinig oiread de phíonós scrannraitheach agus d'aindeise d'á chionn ar an bhFrainnc, nach ionchháinte aon ghníomhartha díoghaltais d'á fhíochmhaire 'na n-aiseag. Tá an Taidhleoir ó Shasana tagaithe go Paris; tá an Spáin fé dheireadh tar éis cogadh d'fhógairt ar Shasana agus, mar thosnú ar an scéal, deirtar gur ghaibh sí long chogaidh 58 ngunna. Damnú ortha! cad chuige dhóibh gan bheith indiu ar muir i gcómhgar Bhrest. Tá na Sasanaigh imithe as an gCorsic agus, mar sin, tá gach ní ag gluaiseacht maith go leor.

Tráthnóna.—Táim díreach tar éis a léigheadh san *Moniteur* an meamhrachán a shín Tighearna Malmsbury isteach, an Taidhleoir lánchómhachta ó Shasana i bParis, an tagradh a scríobh Charles De la Croix air agus freagradh na hÁrdchómhairle—freagradh feidhmiúil. Níl aga agam cuimre dhíobh a scríobhadh ach tá deireadh leis an eadarghnó san go fóill. Níor cheapas-sa riamh go dtiocfadh aon ní as: mar ná raibh Pitt, dar liom, dáiríribh, agus, de dheallramh, 'sé an tuairim chéadna ag an Árdchómhairle é: mar is d'á réir sin a cheapadar a bhfreagradh. Cead do my Lord Malmesbury dul thar n-ais anois má's áil leis. Ba mhaith liom fios scéil ar thoradh cuarda Quantin d'fhagháil, agus gurab é sin, is dóigh, an gnó gur labhair an Colonel Ó Séaghdha go hamhchruinn 'na thaobh liom dhá uair nó trí. B'fhearr liom-sa gur tar éis ár n-iarracht-na agus nach roimis a dhéanfaí é, mar má dheinid súd gníomhartha arrachtacha, fé mar is dóigh a dhéanfaid, b'fhéidir go gcuirfeadh san meon daoine i n-earraid linn-ne, mar nár léir dóibh deifridheacht ar bith idir chipe Franncach agus cipe eile Franncach. Tá na Spáinigh ag luadaráil timcheall san Meánmhuir do chongnamh linn-ne chun an Chorsic a ghabháil nuair imeochaidh na Sasanaigh. Níl aon oidhre ar an Alderman san bhfiadhach ach an nós san chun cogaidh. Tá obair chapaill déanta agam ó mhaidean agus i dtráth na hoidhche anois ní dúire staigín ná mé; agus tá mímhisneach dona orm; is sia liom gach uair a chluig ná na cianta; le míofhoidhne ní fhéadaim fiú codladh.

Samhain 3.—Ag obair ar mo phaimpléid.

Samhain 4.—Ar an bparáid ar maidin do bhuail liom Poitou, Aid-de-camp cinn an Taoisigh, is thug cogar dom go dtáinig scéala ar árthach ó Liverpool a tháinig isteach indé go raibh an réabhlóid tagaithe i gcrích i nÉirinn; go raibh na daoine fé airm, agus gur

ghabhadar an t-armlann i mBaile Átha Cliath, agus go raibh 10,000 de thrúpaí Sasanacha, a raibh san tír díobh, tiomáinte thar n-ais go Sasana aca. Níorbh aon gheit bheag a bhain an píosa nuachta san asam, agus siúd liom de sciúird go dtí Mr. Ó Séaghdha, a thug deimhniú arís dom air, agus dubhairt go bhfuairtheas freastal triochad míle fear d'airm san armlainn; gur scéal deimhnitheach é agus go raibh scríobhtha ag an Taoiseach go dtí an Árdchómhairle ó araer d'iarraidh deimhnórdaithe chun gluaiste, ar fhilleadh do'n ghiolla turais, leis na fórsaí bhí ullamh, agus gan fanúint leis an gcuid eile. Dubhairt sé fós go raibh coinne aige ar an nóimeat le captaen an árthaigh ghabhtha, chun a cheistithe, agus d'iarr mo chongnamh-sa chuige sin, mar go raibh scríobhtha ag an Taoiseach chun Joyeuse, an tAimiréal, é chur aníos. Do bhí deallramh na fírinne ar an scéal, ach bhí mana éigin ná feadar 'ghá chur i gcéill dom go bhfaghthaí fios gur scéal mór ar bheagán adhbhair a bhí ann.

Ar scaradh dhom le hÓ Séaghdha bhuail an Taoiseach féin liom a rug barróg, mar is nós le Franncaigh, orm is a bhain póg dem dhá ghruaidh agus a thréasluigh an scéal nua fónta dhom. D'fhilleas go luath 'na dhiaidh sin go dtí an Colonel Ó Séaghdha agus chuireas i n-úil do an drochamhras a bhí ar an scéal agam, agus d'innseas an scéal do ar an gcaptaen luinge ó Liverpool, nuair a chonnaic sé óglaigh Bhaile Átha Cliath ar paráid, i gcuimhne an lae seo díreach san mbliain 1779, le n-a gcuid gunnaí móra agus a gColonel féin, Diúic Laighean, 'na fhear cinn ortha, gur bhain sé chun reatha le sceon um a luaithe d'á luing go dtáinig de'n ruaig sin go Sasana, agus-ar dhul i dtír do gur dhearbhuigh i láthair Mhaoir Liverpool go raibh Éire go léir dulta i muinghin arm agus go bhfeacaidh sé féin Diúic Laighean d'á ghairm 'na Rí i bhFaithche an Choláiste, rud a chreid sé féin go daingean. Do thaidhsigh an Colonel Ó Séaghdha gur bhain an scéilín sin siar as; dubhairt sé, ámh, gur mhór an mhuinghin a bhí aige as fírinne an scéil nua so; mar, go bhfios do féin, tugadh cúig míle déag d'airm go hÉirinn le gairid. D'fhiafruigheas de an raibh deimhniú air sin aige mar nárbh eol dómh-sa cá bhfaghthaí an t-airgead chun a gceannaithe gan dul i gcoidreamh le hoiread san daoine is ná beadh dul as ach scéitheadh ar an scéal go léir. D'innis sé dhom gur aoinne amháin a cheannuigh iad, duine saidhbhir go raibh aithne aige orm-sa agus agam-sa air, agus go bhfaghainn i dtráth agus i n-áit chóir fios ciarbh é féin.

Dubhart-sa gur leor liom san. Idir dhá linn ní fhéadaim aon tuairim a chaitheamh ar cia hé an duine sin. Do chosnóchadh

15,000 arm £30,000, agus ní heol dom ar m'aitheantas duine bheadh iniúil fonnmhar chun an méid sin airgid a chaitheamh. 'Seadh is cuma cia hé é.

Fé dheireadh tháinig údar an scéil i dteannta beirt eile mairnéalach, a gabhadh ar a slí go Talamh an Éisc, tuairim an trátha céadna, ocht nó naoi lá ó shin. Do deineadh coiste láithreach agus an Taoiseach, an tAimiréal, an Colonel Ó Séaghdha agus mé féin air. Dubhairt fear an scéil gurbh Americánach é. Gur sheoil sé ó Liverpool lá Céadaoine ; an lá sular ghluais sé go dtáinig scéala ar an árthach calaidheachta go raibh Éire uile éirithe amach fé thuairim Poblachta, go raibh Buachaillí na Saoirse agus na Figheadóirí éirithe agus dream an " Clearday " agus go bhfeacaidh sé 10,000 saighdiúirí ag dul ar bórd i Liverpool trí nó ceathair de laetheannta sular fhág sé féin é, chun an t-éirghe amach a chur fé chois. B'shin é iomláine a chuid eolais ; dubhairt sé fós tar éis na Franncaigh d'á ngabháil féin gur casadh dhá chabhlach 'na dtreo, tuairim fiche long i gceann aca, dar leis, agus san dara ceann do chómhairimh dhá cheann déag de luingeas líneagair chogaidh ; agus go gcualaidh sé go raibh an tríú cabhlach fós le teacht.

Níor mhór é mo dhíombáidh nuair a fuaireas nár réidhtigh an scéal ar aon chor leis an gcéad ráfla, cuir i gcás féin go raibh an fhírinne d'á innsint ag an diúlach, rud ná raibh go dearbh, mar gur bhréag do ar an gcéad dul síos a rádh gurbh Americánach é, agus nárbh eadh ach Albanach agus an tuin sin go feilmeanta ar a theangain. Níorbh fhios do ciaca lá de'n mhí a sheol sé ná cad é last a bhí 'na luing. 'Sé bhí san 10,000 úd de thrúpaí ná cipe Albanach, cipe Breathnach, agus cipe Éireannach do cuireadh ar bórd, adubhairt sé, ar cheithre longa móra agus cúig nó sé d'árthaighe brig. Idir so súd bhí sé chómh bréagach seachantach san ná tugas géilleadh ar bith d'á scéal ; agus sin deireadh mar sin leis an éirghe-amach. Tá áthas mo chroidhe orm, ámh, go dtárlaidh an rud so, mar tá súil agam go bhfagham d'á dhruim órdú deimhnitheach ó'n Árdchómhairle chun gluaiseacht láithreach.

Dinnéar ag an gcinncheathrúin go hárdnósach, i gcuibhreann Aimiréal, agus roinnt Captaen de'n chabhlach, agus Fóirne Cinn an airm—féasta suaithinseach. Is chuige an dínnéar so ná chun a léiriú do'n phobal go bhfuil cómhaontas iomlán idir lucht seirbhíse mara agus talmhan, ach 'sé mo mhairg gur róléir dómh-sa nach mar sin atá aca. D'fhanamar chun búird go raibh deireannach, agus annsan chuas go seomra an Cholonel Ó Séaghdha i dteannta an

Taoisigh, an Aimiréil, an taoisigh Debelle agus an Cholonel Ó Séaghdha. Ní thána-sa isteach go ceann tamaill tar éis na coda eile agus ar theacht dom bhí an Taoiseach go piaclach ag tathant ar Joyeuse chun ullmhú do'n fheachtas, agus Joyeuse ag tarrang gach saghas constaice chuige go mórmór scéal na long iomchuir. Dubhairt Hoche annsan go ngluaiseochadh leis na longa cogaidh amháin agus oiread fear a dhingeadh ar bórd ortha agus a iomchróchaidís. Tháinig Joyeuse chómh fada anuas annsan le cúig luingeas líneagair agus chúig frigéad, dob fhearr fé shiubhal, d'fhéadfadh b'fhéidir, le teann mairnéalachais agus éascaidheacht siubhail, na cosa bhreith ó sna Sasanaigh a bhí, dubhairt sé, ag feitheamh leo lasmuich de Cheann Cléire agus go raibh, leis, *eclaireurs* aca lasmuich d'Ushant, óir bhíodh gach maidin ráfla ann go bhfeictaí dhá luing mhóra agus trí frigéad san áit sin. D'fhiafruigh an Colonel *cá* mhéid fear, ar thuras ghearr, a thoillfeadh ins an méid loingeas a luaidh sé ; dubhairt sé go rachadh 600 ar gach luing líneagair agus 300 ar gach frigéid. Sin 4,500 ar fad. Dubhairt an Taoiseach annsan go raibh geallúint tugtha aige féin do'n Rialtas agus d'á cháirde i nÉirinn ; go raibh tráth na geallúna imithe cheana féin agus go n-imeochadh sé i bhfrigéid aonair mara dtugadh an tAimiréal a thuille dho ; agus do lean d'á thathant arís agus arís eile le móirdhíoghrais. Do bhí neamhfhonn fós ar Joyeuse agus do thaidhsigh sé dhom go raibh aithmhéala air gur thagair sé fiú do na cúig longa líneagair. Fé dheireadh, thairg sé, d'aon ghnó chun a thuille aimsire a mheilt, dar liom, long a chur chun siubhail d'iarraidh eolais, agus chun tuairisc chruinn a bhreith thar n-ais ar aiste na tíre, agus ceann eile d'iarraidh ionad ceart an chabhlaigh Shasanaigh d'aimsiú ; agus, leis sin do scaip an cruinniú.

Tuar droichchríche ar aon ghnó, dar liom-sa, aon bhaint a bheith ag lucht maraidheachta na Frainnce leis. B'áil le Joyeuse an feachtas so do chosc d'fhonn is gur go dtí an India a raghadh sé mar a bhfuil airgead níos mó le fagháil ; agus, a chómhartha san air, tá gach deacair d'á chur san tslí orainn aige. Tá fiú iarrachtaí d'á dhéanamh chun mairnéalaigh agus saighdiúirí a chur i gcochall a chéile ; ach tá beartaithe ag an Taoiseach lucht tosnaithe bruighne a lámhach ar an bhfód. Do fearadh cómhrac aonair cheana idir Rabatelle, oifigeach de'n État Major agus Lieutenant de'n chabhlach mar ar bhuaidh Rabatelle tar éis a chéile cómhraic a ghonadh fé dhó. D'á thoradh so uile is léir dom, má shroichimíd anonn i n-aon chor, agus ní ródhócha é sin fé láthair, gur le lagbhuidhin a

ragham ann. Is cuma é. Le 5,000 fear, ár gcuid Artillerie Légère agus Hoche, ní baoghal ná go mbuaidhfeam. Truagh ó Dhia gan sinn, leis an sluagh san féin, ar Bhinn Mhadagháin an mhaidean bhreágh so ; ba ghearr dom nó go mbeadh mo dhilcháirde mí-ádhmhair scaoilte ó bhaoghal agam. Chím. leis, ná fuil luadhadh ná iomrádh ar chabhlach na Spáine. Damnú ortha ! Ag luadaráil san Meánmhuir atáid súd anois. Go dearbhtha deimhin sin díth céille ná féadfadh aon duine fulang léi.

Dubhairt an Taoiseach liom araer go bhfuil, fé'n dtaca so, cúig nó sé mhíle Franncach i Sasana agus "*le diable à quatre*" ar siubhal aca. Is dócha gur ag tagairt d'fheachtas Quantin a bhí sé. Lá mór gnóthaí é seo. Tá sé caithte agam i bhfochair daoine mórchlú go mbeidh luadhadh fós ortha san stair, ach d'á aindeoin sin, ar an nóimeat so, is fada ó bheith sásta mé. Tá iomchur Hoche thar cionn ach maidir leis an Aimiréal—'Seadh "*rud ná fuil leigheas air foidhne is fearr air.*" Féachaimís cad déarfaidh an Árdchómhairle linn.

Samhain 5.—Ag obair ar mo phaimpléid. Níl aon aidhm agam ar obair d'á shórt. Caithim dínnéar gach lá i dteannta an Taoisigh, ar a fholáireamh san, agus gur móide fós d'onóir é sin de bhrí ná bíonn choidhche thar cúigear nó seisear againn ann ; é féin, a dheartháir ó chleamhnas, an Taoiseach Debelle, Marie Hoche an Colonel Ó Séaghdha, Poitou agus mé féin.

Samhain 6.—Cómhrádh leis an gCol. Ó Séaghdha. Tá muinghin mhór agam, tar éis rud adubhairt sé, go ndíbreocham Villaret Joyeuse agus go bhfagham Aimiréal dár rogha féin ; b'fhéidir, san gcás san, go n-imeochaimís. Do chuireas ceist air, ciaca raibh an ceart dáiríribh ag an Taoiseach nuair adubhairt sé go raibh geallúint tugtha aige d'á cháirde i nÉirinn, nó an amhlaidh a bhí sé ag gríosú an Aimiréil. D innis Mr. Ó Séaghdha de dheimhin dom gur bhuail Hoche agus gur labhair sé le cuid de na treoraithe i nÉirinn.* Sin é anois dhá chóimhcheilg ar siubhal taobh le taobh, mo cheann-sa agus a gceann súd, pé hiad féin ; ach is cuma san. Ní heagal liom go ndéanfam ceataighe d'á chéile mar gurab í an chuspóir chéadna díreach atá againn agus is amhlaidh is fearr liom an dream neimhfheicseannach san a bheith ag cabhrú liom, mar go roinnfidh san an fhreagarthacht eadrainn, agus ní fhágfaidh sé aon rud i dtaoibh lem fhocal-sa.

Do chuireas ceist ar an gColonel Ó Séaghdha dá n-éirighimís as an luingeas iomchuir cá mhéid fear d'fhéadfaimís a bhreith anonn san

* Deir Uiliam T. Wolfe Tone gurbh é Art Ó Conchubhair a bhí i gceist.

luingeas cogaidh? Dubhairt sé go bhféadfaimís i dhá gceann déag de longa líneagair, 6,000 fear a bhreith anonn, agus i ndeich bhfrigéid, 2,500 eile, b'fhéidir; agus mar sin chítar dom gurab é sin líon sluagh a raghaidh farainn. Dubhairt sé, ámh, nár cheart dúinn éirghe as an luingeas iomchuir mar go bhféadfaimís fiche míle bhreith i dtír leo san, agus go socróchadh san an scéal gan braon fola dhortadh. Dubhart-sa, dá mb'fhéidir é gur mar sin ab fhearr é gan amhras, agus go bhfaghadh deimhne na tuairime sin im chuid meamram; gurbh é mo thuairim féin d'á aindeoin sin, dá mba bhaoghal do'n ghnó go léir de dheascaibh luingeas iomchuir a bhreith ann, go mb'fhearr, dar liom, an luingeas chogaidh a sholáthar i gcás dá mbeiridís 5,000 fear i n-ionad an 8,500 d'áirimh sé féin, mar chuirfeadh an méid sin ar ár gcumas buadh do bhreith de thoradh catha. B'é a rádh ná go mbeadh na longa iomchuir, leis, againn, agus d'fhan an scéal mar sin. Im thaobh-sa dhe is fearr a thaithneochadh na longa cogaidh agus 6, nó 7,000 fear liom, mar atá an scéal fé láthair, agus leis an méid sin sluaighe chun tosnaithe leo ní bheadh aon eagla orm ná beadh an bhuaidh againn; ach tá an gnó ar láimh níos fearr chun a dhéanta.

D'innis an Colonel Ó Séaghdha annsan dom go mba mhaith leis an Taoiseach duine éigin d'fhagháil a raghadh díreach go hÉirinn mar go raibh árthach sábhálta Americánach aige a ghluaiseochadh ar fógradh nóimite agus a bhéarfadh thar n-ais an té raghadh anonn, chómh maith céadna, agus b'áil leis go mór fios d'fhagháil ar aiste na tíre ar láthair na huaire seo. Do luadhas-sa an Sítheach agus d'imigh sé láithreach ag triall ar an Taoiseach. Tháinig san agus réidhtigheamar, dá mbeadh an Sítheach toiltheannach, go mba cheart é chur ar siubhal amáireach. D'imigheas láithreach agus fuaireas an Sítheach agus tharraingigheas an scéal chuige mar 'dheadh gur uaim féin é agus d'aontuigh sé, gan aon duadh, dul dá mba mhaith leis an Taoiseach san. Do chuireas san i n-úil do'n Taoiseach le linn dínnéir, agus d'iarr sé orm buidheachas a ghabháil leis 'na ainm sin agus a iarraidh air a bheith ullamh i gcómhair an lae amáirigh, rud a dheineas, agus chífeam amáireach cad iad na hórdaithe tabharfar do. Tá curtha ag an Sítheach de go maith san ngnó so.

Samhain 7.—Tá an Taoiseach tar éis a bheith amuich ar thuras bádóireachta ar feadh an lae, go dtí n-a sé tráthnóna. Ar fhilleadh do d'iarr orm an Sítheach d'fhagháil do agus dheineas amhlaidh. Dubhairt sé leis go gcaithfeadh imeacht anocht mar go raibh gach

ní ullamh agus thug sé de chainnt bhéil do cómhairle i dtaobh a ghnótha, agus dar liom féin ba róghann an chómhairle í, agus sin é an chéad uair riamh go bhfuaireas aon locht ar Hoche. D'iarr sé air dul go dtí daoine d'ainmneochainn-se agus oiread feasa agus fhéadfadh d'fhagháil uatha san ar dhearbhaiste na tíre fé láthair, fios aigne na ndaoine, neart agus ionad na dtrúpaí, an raibh coinne leis na Franncaigh nó éileamh ar a dteacht agus, má bhí, cá háit thar a chéile é. D'fhiafruigheas de an 'nneosadh an Sítheach aon ní dhóibh i n-aiseag. Dubhairt sé go raibh air gan aon scéal cruinn a thabhairt uaidh ach go raibh intinn na Frainnce go mór ar thaobh na hÉireann agus go mb'fhonn leo, idir Rialtas agus pobal, go dtiocfadh a bhfuascailt. Annsan thug sé fiche Louis do'n tSítheach agus do scaramar.

Thugas an Sítheach liom go dtí m'ionad lóistín agus chuireamar atharrach éadaigh air ó bhonn bathas, maidir le léinte, bróga, stocaí bástchótaí, cóta agus clóca, de dhéantús Éireannach nó d'fhaisicn na hÉireann. Thugas seoladh Olifćir Bond agus Risteáird Mhic Chormaic do. D'iarras air dul ar dtúis go dtí an chéad duine aca agus a rádh leis gur uaim-se a ghluais sé ó Bhrest agus d'fhonn Bond a shásamh d'iarras air a innsint do nuair a gabhadh Mac Siachais agus go rug Hamilton Ó Ruadháin agus an Dr. Mac Rághnaill na cosa leo ar teicheadh, gur chómhairligh sé dhómh-sa an rud céadna a dhéanamh agus go raibh ag tathant airgid orm chuige sin má ba ghábhadh dom é. Mar le MacCormaic, d'iarras air a rádh leis, beagán laethe sular ghluaisigheas go dtí America gur bheireas amach liom 'na aonar é 'na gháirdín féin agus gur chuireas i n-úil do go raibh beartaithe agam, dá mb'fhéidir é, an Fhrainnc a bhaint amach, agus, fós, gur scríobhas scéala chuige, tuairim lár mí na Nodlag roimhe sin, lem dheartháir ó Philadelphia, ar conus mar bhí ag éirghe liom. Deimhneochaidh san dóibh, measaim, go bhfeacaidh sé mé. D'iarras air, de bhreis ar órdaithe an Taoisigh, a innsint dóibh gurbh aithnid do féin i bParis mé le tamall ; go rabhas anois i mBrest, go raibh céim Taoisigh Chonganta i n-airm na Poblachta agam agus go raibh gradam mór dom ag an Taoiseach is ag an Rialtas. Dubhart leis, leis, a rádh go raibh ullmhúchán mór déanta í mBrest chun dul ar feachtas ; gur mhór an chúis imnidhe dhom a léigheadh i bpáipéar ó Lonndain roinnt mí ó shin gur gabhadh Seán Mac Eochaidh agus, le beagán laethe anuas, an dara tuairisc ar ghabháil Shomhairle Mhic Néighill, an Ruiséallaigh, agus cáirde eile dhom i mBéal Feirste ; maidir liom-sa, go ndéanfainn mo dhícheall

báis is beathadh d'iarraidh a bhfuascalta agus go rabhas 'ghá mholadh dhóibh agus 'ghá impidhe ortha feidhm a bhaint as gach cleas moillithe dlí d'fhonn a dtriail a chur ar cáirde ; agus d'iarras air é sin go speisialta a chur 'na luighe ortha mar go raibh muinghin mór agam gur gearr go mbeimís-ne ann chun iad a shaoradh, fé dheoidh. D'iarras air oiread páipéar nuachta a bhailiú agus d'fhéadfadh a fhagháil, ar feadh trí nó cheithre mí siar, go mórmór an "*Northern Star*" a gheobhadh an Bondach do, toisc gurab eisean ionadaidhe an pháipéir sin i mBaile Átha Cliath.

Do dheineas é thionnlacan annsan síos go dtí an cé gur theagmhuigh leis an gcaptaen, a bhí ag feitheamh leis, tuairim a hocht a chlog agus oidhche bhreágh spéirghealaighe ann. Le haimsir bhreágh agus cóir ghaoithe d'fhéadfaidís bheith go fairsing i mBaile Átha Cliath i gcionn cheithre lá ; ní beag dhá lá do ghnó an tSíthigh, agus cheithre lá eile ag teacht, sin a deich ; ach fágaimís 'na choighcíos é agus is fé mhíofhoidhne fhanfad-sa le deireadh na tréimhse sin. 'Sé fé ndeara dhom an Bondach a thoghadh san ngnó so ná a mhacántacht é agus a dhlúthbhaint le Béal Feirste, agus fátha thar áireamh agam le toghadh Mhic Chormaic, go mórmór toisc é bheith 'na Rúnaidhe do sna Catoilicigh agus an eolais cruinn atá aige ar aigne an phobail i mBaile Átha Cliath. Tá súil agam go ndéanfaidh Mac Síthigh beartaidheacht fhónta, níl aon mhórchuid le déanamh aige agus thugas-sa gríosú air oiread agus fhéadas.

Seo anois coighcíos imithe gan mhaith. Damnú air maidir liom-sa dhe. D'óbair dom rud aisteach a dhearmhad. D'iarr an Taoiseach ar Mhac Síthigh fios cruinn d'fhagháil ciarbh iad na teachtaí ó chonntae an Doire san nua-Phairliméid. Dubhart-sa ná glaodhfaí an Phairliméid nua go dtí an bhliain seo chugainn. Arsan Taoiseach annsan : " 'Seadh faigh fios cia hiad na hiarrathóirí agus cuimhnigh gurab é Doire* agus nach é Ciarraighe* atá i gceist. Maidir liom-sa ní thuigim cad tá san treis aige. Dar liom féin is róbheag an tábhacht é cia hiad is teachtaí nó is iarrathóirí do cheachtar de'n dá áit ; b'fhéidir gurab amhlaidh ba mhaith le Hoche é féin do chur isteach. Ach, dáiríribh, ní thuigim fuadar an cheistiúcháin aige i n-ao' chor. Máiseadh, is maith an scéalaidhe an aimsir agus fágfad fé sin a innsint fé mar is gnáth liom i gcúinse d'á shórt, óir "*Quod supra, nos nil ad nos.*"

Samhain 8.—Deir Grimel, an ceannaidhe a sholáthruigh an long Americánach do'n Taoiseach, go raibh Mac Síthigh bailithe leis

* "Derry" agus "Kerry" san mbunleabhar.

araer ar leathuair tar éis a naoi. Maiseadh, tá an rath ar an ngnó san go dtí so.

Samhain 9.—Tugadh fear óg go cinncheathrúin indiu atógadh ar bórd árthaigh Americánaigh ag dul ó Luimnigh go dtí an Phortingéil. Barra St. Leger is ainm do. Éireannach do réir beirthe é agus hoileadh ag Charleston S.C. é, mar a bhfuil a athair fé mhór-ghustal. Do ghluais sé ó Luimnigh an 14adh lá de Dheireadh Fógh-mhair agus tá deallramh le gach tuairisc d'á bhfuil aige ; is eol dom féin an fhírinne bheith i gcuid mhór aca. Tá gach duine i nÉirinn ag braith ar na Franncaigh a bheith ag teacht, adeir sé ; go bhfuil gach Giúistís ag soláthar fiche fear chun bheith mar thaca le síothcháin nuair imeochaidh an militia má tugtar órdaithe dhóibh sin dul ag cosaint an chósta ; ach adubhairt fós, rud is rómhaith chreidim, go dtuigtar do chách go raghaidh an militia ar thaobh na bhFranncach láithreach, agus fiú go bhfuil a lán aca fé mhóid cheana chun a dhéanta, go bhfuiltar ag gabháil daoine i n-aghaidh an lae, agus díreach sular ghluais sé ba chlos do gur tógadh J. Bagwell, teachta Pairliméide do chonntae Thiobrad Árann, agus Tighearna Dosforth éigin, fé mar do shloinn súd é, i gconntae Árd Macha. Maidir leis an méid sin is deallrach dearmhad air. Tá Tighearna Gosford ann is Gobharnóir ar an gconntae sin ; ach is fada buidhe uaidh siúd dom dhóigh-sa, bheith 'na namhaid do'n Rialtas. Ba dhóiche liom-sa dho bheith 'na fhear cinn ar Bhuachaillí an Amhscarnaigh, agus is amhlaidh is measa dho, mar sin, má shroichimíd-ne ann. Is é suim na tuairisce atá ag an ógánach so go bhfuil Éire ar fiuchaidh buartha agus nach gábhadh ach sinn-ne theacht ann chun socrú thabhairt ar an scéal d'aon iarracht. Do bhí éifeacht le n-a chainnt agus, d'á bhrí sin, d'iarras ar an Taoiseach é scaoileadh ó'n bpríosún, i slí is go bhfuil cead an bhaile mhóir anois aige. Tá rud tábhachtach eile san scéal. Tá oifigigh an chabhlaigh síorraidhe ag trácht ar na cabhlacha atá ag Sasana i Muir nIocht, agus dubhairt an rascail éithigh sin d'Albanach a cheistigheamar an lá fé dheireadh go bhfeac-aidh sé trí cinn aca, (dhá cheann de radharc a shúl agus an ceann eile d'athradharc, is dóigh). Ach ar theacht do St. Leger ó Luimnigh go Brest níorbh fholáir do gabháil mórthimcheall Deisceart uile na hÉireann, an láthair díreach nárbh fholáir do'n chabhlach Sasanach a bheith ann, agus ní fheacaidh sé aon ní. An príobh-aidéir a dhein a ghabháil, an 22adh lá de Dheireadh Fóghmhair do ghaibh sí an oidhche roimhe sin fé Cheann Cléire isteach agus ní fheacaidh seisean aon ní. An dá mhairnéalach Shasanacha a

bhí d'á gceistiú againn i dteannta an Albanaigh, agus a tháinig ar an am gcéadna, agus ar an mbealach céadna nach mór, ní fheacadar dada ; agus gach lá, beagnach, tagann árthaighe creiche isteach go Brest gan fiú aon luinge do bhualadh leo. D'á bhrí sin, má tá na Sasanaigh chómh neartmhar san i Muir nIocht conus d'fhéadfadh so go léir bheith i gceist. Agus muna bhfuilid nach luachmhar an aimsir atáimíd-ne a mheilt annso agus mo cháirde bochta-sa i nguais bháis. Dar mo leabhar, táim leath im gheilt le míchéadfadh de dheascaibh na síormhoille seo.

Samhain 10.—Do chonnac an Legion Noire d'á léirbhreithniú ; timcheall míle fear. Iad súd na sladairí atá ceapaithe do Shasana, agus is dúr na cladhairí go dearbh iad. Cuirid siad go láidir i gcuimhne dhom na " Green-boys " i mBaile Átha Cliath.

Samhain 11.—Bán.

Samhain 12.—Do cheistigheas, i seomraí Mhr. Ó Séaghdha, captaen Americánach ná fuil gluaiste ó Lonndain ach cúig nó sé lá. Ní mór an misneach a chuir sé orm. 'Sé tuairisc atá aige-sin go bhfuil Sir J. Jervis lasmuich d'Ushant, mar bu chlos do, agus a haondéag nó a dódhéag de luingeas líneagair aige, agus, ag teacht an canáile adtuaidh do féin, bhuail cúpla scuadrún beag nó trí leis, ceithre longa i dhá gceann aca agus trí cinn sa cheann eile agus iad ag cur díobh siar fé réidhsheoladh agus iad ag imeacht, dar leis, chun dul le cabhlach Jervis. Má's mar sin é coimeádfaidh siad annso sinn an fhaid is maith leo : mar nuair bheid d'aon bhuidhin, beidh a dó fichead de longa líneagair ann agus níl againn-ne ach a dódhéag. San gcás san ní bheidh de chaoi againn-ne ach fanúint leis an gcéad shéideán maith eile thiocfaidh a thiomáinfidh de'n chósta iad b'fhéidir, agus annsan dul de sciúird anonn.

Samhain 13.—Do chuas, ar órdú an Taoisigh, ameasc na bpríosúnach cogaidh ag Pontanezen i n-aice le Brest agus do thairgigheas cead a saoirse do'n mhéid aca bheadh sásta dul ar fostadh ar bórd chabhlaigh na Frainnce. Do ghlac seasca leis an tairgsint agus bhí caoga Éireannach ortha-san. Thugas a ndóthain dighe dhóibh sular fhágadar an príosún agus do cuireadh i n-eagar iad, agus ar bórd an tráthnóna céadna. Ní fheaca riamh an tréithidheacht náisiúnta clóidhte chómh soiléir agus bhí i meanmain aerach an ghasra mhí-áidh sin. Bíodh gur leathnocht ar leathghorta bhíodar nuair a fuaireas-sa iad, ní túisce chonnacadar an fíon ós a gcómhair ná mar bhí a gcuid buairimh dearmhadta aca. Do mheádhadar na Sasanaigh an scéal agus d'fhiafruigh cuid mhaith aca ar ghnáthnós

a dtíre, " Cad a thabharfainn dóibh." Nílim a thabhairt do'n chuid eile aca ach a gceart, a innsint go ndubhradar ná meallfadh aon ní iad chun troid i n-aghaidh a rí agus a dtíre féin. Dubhart-sa leo nár mhiste dhóibh a rogha rud a dhéanamh, mar ná déanfainn-se lámh láidir ar aoinne. Is é thárlaidh, as tuairim céad Sasanach thairg deichniúr fear agus buachaillí dul linn, agus as seasca Éireannach tháinig caoga fé mar adubhart ; ach Albanach ar bith ní tháinig bíodh go raibh cuid mhaith aca san bpríosún. An uair a ghlaodhas ar an bhfíon d'iarr na Sasanaigh rud le n-ithe 'na theannta, rud d'órduigheas 'na gcómhair. Níor chuimhnigh Pádraig bocht ar aon ní d'ithe ach nuair a chuaidh bruthadh na dighe san gceann aige bhí séag sír iarraidh go leigfaí dho dul ameasc na Sasanach agus smalcadh thabhairt do'n dream a dhiúltuigh teacht linn. Ní cheadóchainn sin, dar ndóigh, bíodh nárbh fhurus iad a chosc. " Ara hanam 'on fial, a Chaptaein, a chroidhe, ná leigfá dhom aon chnag amháin a bhualadh ar na raispíní ? " Do mheasas go rabhas ar Ché Urmhumhan thar n-ais arís. Ó ! má théighimíd slán go dtí an taobh thall cad é mar shaighdiúirí a dhéanfaimíd d'ár mbuachaillí bochta féin. Dubhradar go léir go raibh súil aca go mbeinn-se leo pé áit a raghthaí. Thugas mar fhreagradh ortha ná hiarrfainn ar aon fhear dul ach mar a mbeinn féin sásta le bheith ar tosach slógha, agus thógadar trí gártha molta am fhreagairt. Tugtar fé ndeara nár luadhas ar aon chor cad chuige an eachtra ; thánadar san tseirbhís leis an dúil san éacht is dual do'n chine, agus leis an bhfuath atá do Shasanaigh aca, agus gan smaoineamh aca gur aon radharc d'Éirinn a chífidís arís.

Samhain 14, 15, 16, 17, 18.—Níor scríobhas aon mheamram le n-a ceathair nó a cúig de laethe. Do bhí fátha go leor leis, ceann aca mé bheith gan aon ní ab fhiú a chur síos, agus fáth eile ná rabhas ar fónamh le slaghdán éadtrom cinn, rud a dhein níos dúire ná riamh mé. Indé, ó tá an saoghal go léir ag tosnú ar dhul ar bórd agus ag cur córach ortha féin ann, d'iarras ar an gColonel Ó Séaghdha a rádh leis an Taoiseach gurbh é mo mhian dul i dteannta na ngrenadóirí ar an ngárda tosaigh muna raibh gnó aige-sin díom 'na chómhgar féin, Do fhreagair Mr. Ó Séaghdha gur mhaith an cómhartha ar mo dhúthracht an tairgsint sin ach go gcaithfeadh sé féachaint cé bhí 'na fhear ceannais ar na grenadóirí i dtreo nach é áit a gheobhainn mé féin fé oifigeach níos céimísle. D'innseas do gur fém charaid Gatine Taoiseach Conganta a bhíodar ; ar aon chuma gurbh é ba rogha liom féin bheith ar láthair an ghleoidh mar an mbeadh an fhagháil dob

fhearr ar eolas agam, agus, maidir le ceist uachtaracht céime, gurbh fhurus é sin a shocrú mar go raghainn-se leo im óglach. Do gheall Mr. Ó Séaghdha labhairt leis an Taoiseach, rud a dhein araer. Dubhairt an Taoiseach leis gurbh é bhí beartaithe aige mise chong·bháil ar a bhuidhin féin, go gcaithfinn dul ar an luing chéadna leis féin (*La Fraternité, frighéad*). Cúis mhór áthais liom é sin fé mar b'áthas liom, leis, bheith i dteannta na ngrenadóirí, ach ní fhéadfainn bheith i dhá n-áit tráth aon uaire, "*without I was a bird.*" D'innis an Col. Ó Séaghdha gur thaithnigh mo thairgsint go mór leis an dTaoiseach.

Barra St. Leger úd, an fear óg a cheistigheamar beagán laethe ó shin, thairg sé go misniúil dúinn teacht farainn 'na óglach agus le congnamh ó Mhr. Ó Séaghdha tá ionad fachta agam do ar ghárda an Taoisigh féin ; complacht sáruasal iad de ghrenadóirí agus an Captaen Bloom 'na cheannfeadhna ortha, Gearmánach é dála urmhór na saighdiúirí single eile, agus thuilleadar clú oirdhearc dóibh féin i La Vendée. Tá geallta ag Bloom aire thabhairt do St. Leger agus tá súil agam go ndéanfaidh sé beartaidheacht mhaith. Dá mbeadh Maitiú agus Artúir annso anois agam d'fhéadfainn crích a chur ortha araon. 'Seadh, má shroichimíd slán anonn b'fhéidir go bhféadfainn é dhéanamh annsúd. Chífeam é.

Ó bhí caoi agam do scéitheas a raibh ar m'aigne chun an Cholonel Ó Séaghdha i dtaobh an cruth a bhí ar an bhfeachtas so againn-ne. Dubhart leis go raibh an cabhlach Spáineach, mar dob eol dúinn go hoifigiúil, i dToulon, mar a bhféadfaidís, gan amhras, tráchtáil na Sasanach do chiapadh san Meánmhuir, ach ná raibh de mhaitheas 'na gcumas ach san ó thárlaidh anois an Choirsic thar n-ais i seilbh na Poblachta. I n-ionad bheith ag manaois ar an gcuma dhíomhaoin sin i dToulon go mba cheart dóibh bheith i gcómhgar Bhrest, agus go gcuirfeadh san an t-ádh i n-áirithe do'n fheachtas so againn-ne i n-aghaidh gach óspairte d'á olcas, agus leis sin do fágfaí máchaill ar chómhacht Shasana ar muir go bráth, gurbh fhíor nárbh fhada lean an rath riamh d'aon chóimhcheangal idir chabhlacha na Frainnce agus na Spáine ; mar sin féin nár bhain san le n-ár gcás-ne, nár ghnó crosta ár ngnó-ne agus nár ghábhadh chuige ach an treise bheith againn san gcanáile ar feadh seachtaine amháin, is go socróchadh an tréimhse sin an gnó chómh maith agus dhéanfadh céad bliain é ; san tslí 'na bhfuil ár neart ar fairrge deighilte fé láthair, agus ó'n bhfaireadh a bhí na Sasanaigh a dhéanamh orainn, ba dheacair a cheapadh go sroichfimís Éire gan a gcabhlach san a chasadh orainn, agus

gurbh é mo thuairim dá mba threise dhóibh sin, nó iad ar chóimhneart féin linn, go mbuaidhfidís go *dearbhtha deimhin* orainn. Go bhféadfaí an baoghal san a sheachaint agus go ndéanfaí deimhin de'n scéal ach an cabhlach Spáineach a bheith d'aon bhuidhin linn, agus mar sin gurbh é brí bhaineas-sa as iad a bheith ar iarraidh ná Rialtas na Frainnce a bheith ar bheagáird san Spáin, nó go raibh Rialtas na Spáine ar gealtaighe thar éirim mo thuisceana-sa, agus go gcuireann an machtnamh san ar buile mé. Ná maithfeadh Sasana choidhche dhóibh masla tionnlacain Richery as Cadiz; gurab é deireadh bheadh leis an tslí seo cogaidh, 'na chodaibh, ná go gclaoidhfeadh Sasana sinn-ne ar dtúis, agus go gcuirfeadh sí annsan cabhlach go dtí an Mheánmhuir a chlaoidhfeadh go feilimeanta iad san, agus mar sin go ndéanfadh ár scrios ceann ar gceann. Agus ar deireadh dubhart bíodh gurab é an tubaist féin a bhuailfeadh linn ná béarfaidís orainn uile; go raibh súil agam an dream a raghadh saor go ngreadfaidís leo go hÉirinn agus go dtiubhraidís sunnc danardha fé'n tír isteach.

Tar éis an uathaithisc fhada san atá curtha síos go mion ar míeagar annso agam ní raibh freagradh le sólás ná tairbhe aige dhom. Tar éis damaint a ghuidhe go dil ar na Spáinigh, agus ní mór a mhaitheas féin do san méid sin, dubhairt sé ná raibh sé gan dóchas go raghaimís fós anonn. Dubhart go rabhas féin i ndóchas air chómh dian leis-sin ach ná raibh mo shúil ró mhór leis. Dubhairt sé annsan nár bheithte dhúinn dul i n-éadóchas. Dubhart-sa pé slí thaidhseochadh rudaí dhom ná maolóchadh san ar mo dhícheall ná ar mo dhúthracht chun mo dhualgas a chóimhlíonadh san ngráscar dá gcuirtaí chuige sinn, ach gur tuigeadh dom go mba cheart fios mo thuairime a léiriú go hiomlán do roimh gluaiseacht dúinn. Do cuireadh deireadh leis an gcómhrádh annsan maille sluagh eile mallacht uainn aracn ar ghealtacht dothuigthe an Rialtais san Spáin. Muna ndíolaid súd go daor fós as an módh cogaidh seo atá ceapaithe aca ní fíor go bhfuil braon uisce i gCuan Bhrest. Nó dá mbeadh againn-ne a gcúig longa fichead líneagair-san atá anois díomhaoin i dToulon (mallacht síorraidhe suthain ortha) fara'n gceathair nó cúig, cuid Richery, atá tagaithe slán go Rochefort, agus ár dhá gceann déag féin, b'in dachad long líneagar, ní bheadh go dearbh 'nár ngnó annsan ach seilg seoidh. Ach féach anois mar atá; tá na Sasanaigh, do réir an eolais is fearr d'á bhfuil againn, san áirdeal orainn agus cúig longa fichead líneagair aca na dtrí coda; ní héidir ná go gcasfar cuid éigin aca orainn agus moilleochaid siad

sinn gan ár mbuidheachas go dtagaidh an chuid eile agus annsan tabharfaid siad greadadh ó thalamh dúinn agus cuirfidh san an chaidhp báis ar mhurchómhacht na Frainnce; agus maidir leis na Spáinigh 'nár ndiaidh, ní mór an duadh dhóibh iad. Nach uathbhásach an smaoineamh é, agus, le n-a linn sin, nárbh fhurus éascaidh dob fhéidir a sheachaint agus ár namhaid le 'chéile d'ísliú choidhche. 'Seadh, rud ná fuil a leigheas agam níl maith ann dom bheith 'ghá chásamh. Ach dá mbeinn-se go ceann sé seachtaine im Rí ar an Spáin thabharfainn socrú luath ar an scéal so, dar liom. Mallacht ortha! D'fhéadfainn, is dóigh liom, an oidhche go maidean a chaitheamh ag eascainidhe ortha.

Tá rud amháin fónta, ámh, tuitithe amach le cúig lá anuas. Tá Villaret Joyeuse, an tAimiréal curtha as a phost, agus tá duine eile fachta againn 'na ionad. Do bhí Joyeuse ós íseal ag cur an uile shaghas bacadh ar ár bhfeachtas-na. Do chuir sé 'na luighe ar an Árdchómhairle ná féadfaí gluaiseacht 'cheal mairnéalach, agus tá fios fachta againn ó imigh sé go bhfuil breis agus ár ndóthain díobh againn; agus ó's iad na cinnfeadhna choidhche do bheir an *ton* uatha tá le braith, cheana féin, spioraid níos fearr ag borradh ameasc lucht na luingseoireachta. Ach cad d'fhéadfaimís a dhéanamh le dhá luing déag?

Samhain 19, 20, 21, 22.—Mé ag obair go dian le trí nó ceathair de laethe ag lorg earcach agus ag scríobhadh. Do sholáthruigheas scór d'fhearaibh maithe bríomhara, sin cheithre fichid ar fad. Do chosain san cúig louis orm, tá an méid sin ag dul dom ó'n bPoblacht. Tá an díleagra chun muinntir na hÉireann críochnaithe agam, ceann do'n mhilitia agus ceann do na mairnéalaigh Éireannacha. Táid go léir ar láimh ag an gclódóir, agus, go macánta, ní mór le rádh aon cheann aca. An éascaidheacht bheag do bhí tráth agam san scríbhneoireacht tá sí caillte agam, is dóigh. Le fírinne tá imnidhe ár ngnótha chómh mór san ar m'aigne na féadaim scríobhadh. Ní dheinim codladh d'oidhche. Tá an Taoiseach tar éis bheith breoite, tinneas dian 'na ghoile; bhí eagla ar dtúis orainn gur nimh a bhí fachta aige, ach eagla gan adhbhar dob eadh é sin, do bhí sé araer ag an gCoiméide.

Samhain 23.—Ní féidir liom a thuigsint cad tá d'ár moilliú anois munab amhlaidh atáimíd ag fanúint le Richery atá, adeirtar, ag teacht aníos ó Rochefort. Cé gur mór is eagal liom go dtiocfaidh na Sasanaigh rómhainn sa tslí b'fhearr liom, ar a shon san, bheith ar an muir. Níl aon ní chuireann oiread uathbháis orm le feitheamh

fé imnidhe agus, thairis sin, tá mo cháirde bochta i nÉirinn i mbaoghal diacrach báis. Go leigidh Dia sinn a bheith i n-am chun iad a thárrtháil: ach is eagal liom é. Má castar na Sasanaigh orainn caithfeam dul i gcumhangghleic leo agus caithfeam crannghail agus teile agus leibheann ceathrún a dhingeadh de muscadóirí. Is é ár n-aonchleas é, ach ní fhónfaidh sé i n-aghaidh barraidheacht slógha. Na Spáinigh ifreanda! Íocfaid siad go daor as an díth céille, ach is bocht an sásamh san dúinn-ne.

Do bhíos araer ag cuimhneamh ar líon bheag bhocht mo thighe nó go rabhas chómh duairc le cat. Ag Dia atá a fhios an mbuailfeam le 'chéile go bráth arís. Má shroichim Éire go slán agus aon ní do bhaint dom annsan, níl amhras d'á luighead agam ná go dtiubhraidh mo thír aire dhóibh, agus go mbeidh gach Éireannach fónta 'na athair dom chuid buachaillí; ach, dá dtárluigheadh go marbhóchaí ar an bhfairrge mé agus go dteipfeadh ar an bhfeachtas, is adhbhar critheagla dhom an íde bheadh i ndán dóibh sin. Is uathbhásach an scéal é. Tá m'iontaoibh agam as mórmhaitheas Dé a dhein thárrtháil orainn go minic cheana, agus as misneach agus críonnacht mo mhná céile agus as muinnteardhas mo dhearthár chun iad a chosaint. Mo bháibíní caithiseacha! Is iad m'annsacht croidhe iad. Tagann líonadh deor im shúilibh pé uair a chuimhnighim ortha. Deinim athrádh míle uair ar na cainnteanna deiridh a chuala ó n-a mbéilíní beaga leanbhaidhe. Beannacht Dé an Uilechómhacht ortha agus go ndeinidh Sé dídean dóibh. Caithfead an scéal so a chur uaim. Táim tar éis buachaill beag a fuaireas ameasc na bpríosúnach cogaidh a ghlacadh mar sheirbhíseach. Tá sé chómh hóg san nach mór an áis a dhéanfaidh sé dhom ach dighleacht dob eadh é agus bhí sé leathnocht. Rugadh i nDorsetshire é agus Éireannach ab athair do, Maighistir Ceathrún ar dhragúnaibh. Mac toghartha é. Tá sé gléasta go taidhseach agam; agus má bhaineann sé an smúid dem chasóig agus má thugann aire dom chómhrain taistil, i dteannta an bhagáiste, ní beag liom san. Liam de Faoit a ainm.

Samhain 24, 25.—D'innis an Colonel Ó Séaghdha dhom indiu go ndubhairt Bruix leis é, duine de na hAimiréil, go ragham fé sheol i gcionn sé lá. Truagh ó Dhia nach é anocht féin é. Tá buantséideán breágh gaoithe glan réidh amach ó'n gcuan. Níl 'chéad lá 'mhí Nodlag ach sé lá uainn. Lá Coille d'fhágas Sandy Hook. Lá le Brighde shroicheas Havre agus, má stríocam cuan fé mhaise, ní dóiche rud nach i mBaile Átha Cliath bheinn Lá Coille arís. *Quanquam Ó!*

Do ghluais an Cléireach Taoiseach naoi lá ó shin, gan rabhadh nóimite, chun Vienna, ar shlí na hIodáile. Tá de dheallramh air an ngnó san gur tuar síothchána leis an Impire é, ach, a bhuidhe le Dia, ní léir dom fós aon chómhartha ar shíothcháin a dhéanamh le Sasana; a mhalairt atá i gceist. Tá Tighearna Malmesbury agus mo sheanghrádh croidhe, Charles De la Croix, ag tabhairt gach 'ra seadh d'á céile go heasaonta, agus an Árdchómhairle ag foillsiú ar chóimhfhreagarthais go tráthúil.

Táim tar éis leath an lae seo a chaitheamh ag obair go dian ag aistriú órdaithe agus teagasca do Cholonel dárab ainm Tate, oifigeach Americánach d'fhoráil a sheirbhís dúinn, agus go bhfuil an taoiseach tar éis céim Chef de Brigade a thabhairt do agus míle agus caoga fear de'n Legion Noire, d'fhonn é dhul ar sciúird ionnraidh go Sasana. Muna mbeadh beagán d'earráidí beaga i dtaobh suidheamh áiteanna, agus b'fhéidir, tar éis an tsaoghail, gur amhlaidh a taidhsightar dómh-sa tré ainbhfios gur earráidí iad, tá na teagasca tarraingthe ar fheabhas an domhain. 'Sé an Taoiseach féin a cheap iad, nó do cheartuigh iad, pé scéal é, agus má's fear fuadair an Tateach, agus eolaidheacht mhileata aige, beidh an diabhal buidhe déanta i Sasana sula mbeirtar air. Liverpool is ceann sprice dho, agus tá sé d'á cheapadh agam gur cómhrádh a thárlaidh roinnt laethe ó shin idir mé féin agus an Colonel Ó Séaghdha fé ndeara gur beartuigheadh ar an áit sin, nuair adubhart leis dá mbeimís socraithe i nÉirinn aon uair amháin gur dóigh liom go dtiubhraimís fobha foghlaidheachta san ionad san; agus go dearbh, dob fhearr liom gur againn-ne a bheadh creidiúint agus tairbhe an ghnótha. Do thaithneochadh liom féin, cuir i gcás, turas a thabhairt go Liverpool le roinnt de na huaisle ó Ché Urmhumhan; cé gurab éigean dom a rádh ná maithfeadh an Legion Noire puinn do dhream mo dhúthaighe féin, i gcruth nó i moraltacht, agus gur mór go léir an saothrú atá déanta ar an ní deiridh díobh san aca de bharr bheith ar slógadh mileata a trí nó a ceathair d'uaire san mBriotáin agus í La Vendée. Tabharfaidh míle díbhfeirgeach díobh tógáil mór intinne ar Sheán Bhuidhe, má shroichid siad slán go Lancashire.

Gach lá caithim uair a chluig im aonar ag siubhal ar na múrtha cosanta ag féachaint uaim síos ar an gcabhlach fém bhun ar anncaire. Tá tuairim caoga long ann de longa cogaidh, gach toirt, agus b'fhéidir fiche long líneagair ortha san. Ba bhreágh an *coup d'œil* é ach bíonn dhá smaoineamh síorraidhe ag baint óm shásamh, ceann aca: gobh fuil mo bhean agus ár mbáibíní beaga caithiseacha, duine

ná feaca riamh agus ná feicfead b'fhéidir choidhche, ar an nóimeat so, is ródhócha, ar an mórmhuir i mbaoghal gach óspairte d'á mbaineann le hiomramh gheimhridh. Tagann cuimhne obann dom míle uair sa ló ar an árthach úd a báthadh ag Havre i mí Feabhra so caithte, agus cuimhne na mná mí-ádhmhair agus a beirt naoidhneán a báthadh ós cómhair mo shúl amach nach mór. Agus ní thuiteann néall leath na hoidhche orm ach im luighe ag éisteacht leis an ngaoith, go mbaintar creathaí asam le gach cóch d'á dtagann. Och, a bháibíní! a bháibíní! Déanfaidh Dia an Uilechómhacht, tá súil agam, sibh-se agus bhur máthair a thárrtháil, pé ní tá i ndán dómh-sa. Mian mo chroidhe sibh, a ghráidhíní beaga. Máiseadh, táim ag obair daoibh annso, agus táim ag dul san gcómhrac daoibh, agus má bhíonn an t-ádh liom ní bheidh ar an dtalamh so duine gur mó a shonas ná mise nuair a bheidh sibh go léir arís im bhaclainn agam.

'Sé an dara smaoineamh, a chiapann fós mé, éideimhne ár scroichseana go hÉirinn, de bhíthin cabhlaigh na Sasanach. Ar uairibh is mian liom go séidfeadh an t-anaithe i bhfad ó Bhrest iad agus annsan cuimhnighim ar mo líontighe bocht agus sin cosc orm féin láithreach agam. Ar uairibh eile bíonn fonn orm fanúint leis an dream damanta dúramán ó'n diabhal san, na Spáinigh, dá bhféadaimís iad a thabhairt aníos ó Thoulon; agus annsan cuimhnighim ar mo cháirde atá mar seo i bpríosún agus a n-anam i mbaoghal de dheascaibh na moille seo. Idir so súd ní mór gur eol dom cad a mhianfainn agus is mó deich n-uaire is buartha fé anaithe m'aigne-se ná an mhórmhuir go mbím ag féachaint uirthi.

Ar ádhmharaighe an tsaoghail ní horm-sa atá na gnóthaí ag braith. Táim-se dála cách eile ag feitheamh le hórdú d'fhagháil agus nílim, dar ndóigh, freagarthach i n-aon ní ach im iomchur pearsanta féin; agus tá súil agam go ndéanfad ar a luighead beartaidheacht gan mhíchreidiúint. Dá mbeadh riaradh ar ghnóthaí agam agus deimhne agam nár mhiste an Ruiséallach agus an chuid eile aca an mhoill, b'é ba mhian liom-sa ná fanúint go dtiocfadh cabhlach na Spáine. D'órdóchainn láithreach dóibh-sin teacht aníos ó Thoulon; bhainfeadh san sé seachtaine dhíobh, b'fhéidir, ar a luighead, agus bheadh deimhniú buaidhte annsan go háirithe againn. Ach cá tairbhe mé bheith am chiapadh féin le gnó ná fuil a leigheas im chumas-sa. Ní thiocfaidh na Spáinigh, 's an diabhal dóibh, agus buaidhfar orainn-ne ar dtúis agus ortha-sa 'nár ndiaidh, agus sin caillte idir shaoirse na hÉireann agus anam mo dhlúthcháirde agus gach ní d'á raibh beartaithe agam im chómh-

air féin! 'Seadh is cuma liom é! Tá m'aigne ag éirghe cruadhálach anois, díreach mar bhí agam i nÉirinn an tráth bhíodh coinne agam gach lá lem ghabháil agus lem chrochadh.

Samhain 26.—Ar órdú an Taoisigh do scríobhas glanchóib indiu do'n teagasc atáthar a thabhairt do Thate ach athraithe beaga a chur ann ó'n dréacht reatha bhí déanta ó indé agam, agus go mórmór i dtaobh na háite go raghaidh sé ar dtúis ann, sé sin Bristo do réir mar atá anois socair. Má shroicheann sé slán ann b'fhéidir go ngeobhadh sé é de *choup de main*. Má ghabhann déanfaidh sé é loscadh ó bhonn. Ní mór dom a rádh annso gur aithscríobhas, *le sang froid* lántsocair, an t-órdú chun luaithghríos a dhéanamh de'n treas chathair is mó i réimeas na Sacsan, mar a bhfuil, is dóigh, luach chúig miliún púnt d'ionnmhas sealbhtha. Ach sin mar is dual do chogadh. Do dhein na Sasanaigh loscadh gan trócaire i nAmerica, thugadar fé bhás de'n ghorta thabhairt do chúig miliún fichead daoine san bhFrainnc, agus, thairis sin uile, tá mo thír-se ar láthair na huaire seo i ndaoirse aca, mo cháirde i gcarcair aca, agus mé féin ar ionnarbadh. Is é an machtnamh san a chuireas cruas im chroidhe i n-aghaidh gníomhartha uathbháis go gcuirfidís critheagla orm cuimhneamh ortha i n-aon chúrsa eile. Ní fhéadaim gan trácht, ámh, ar an tubaist a thiocfaidh de dheascaibh cóimhlíonadh na n-órdaithe seo atá aithscríobhtha agam, agus go rabhas páirteach 'ghá gceapadh, agus a shocracht a bhíos féin agus an Colonel Ó Séaghdha 'nár suidhe cois teine 'ghá chur tré chéile conus a tiocfaí ar an tubaist ba mhó ab fhéidir a thabhairt ar na haindeiseoirí mí-ádhmharacha go raibh na hórdaithe seo le cur i bhfeidhm ortha. Ach bíodh a bhuidheachas aca ortha féin, cóimhleacaithe iseadh iad féin agus an Rialtas mallaithe atá aca a mhúin an t-eolas dúinn ar gach anfhorlan danardha dhíobh, agus níl fear ortha ná déanfadh dísciú ar Fhranncaigh agus ar Éireannaigh. Ach féach arís air! Cathair de mhéid Bhristo 'na dheargthoiteán. Ní haon ní suarach é. Beidh na mílte agus na mílte líontighe le déirc má éirigheann leis an iarracht. Níl leigheas agam-sa air. Má caithtar a bheith amhlaidh caithfear, agus ní bheidh aon mhileán choidhche agam ar na Franncaigh i dtaobh anshógh ar bith a tharraingeochaid ar mhuinntir Shasana. Ní dóigh liom gur fearr de mo mhoraltacht ná mo charthanacht é an t-árdú so go céim Taoisigh Chonganta. Is é brí an scéil gur fuath liom fiú ainm Shasana; b'fhuath liom í sular díbrigheadh mé, is fuath liom ó shin í, agus beidh fuath agam choidhche dhi

Samhain 27, 28, 29.—Níl aon tuairiscí le scríobhadh agam gur fiú feoirling iad; ag scríobhadh, ag scríobhadh i gcómhnaidhe. Dar mo bhriathar, táim tuirseach dem shaoghal, nó mar adeir na Franncaigh é, *je m'ennuye de ma personne.* Indé, le linn dinnéir, bhí an Taoiseach ag cainnt ar a lán teachtaí a bhí san arm roimh an Réabhlóid agus a bhain feidhm as an gcomhthrom a thug a n-ionad san Dáil Reachtais dóibh chun árdú a thabhairt ortha féin go céim uachtair, agus, ar sé: " Máiseadh féach Carnot go bhfuil oiread san d'á rádh 'na thaobh, idir mhaith agus olc. Captaen ar na hInnealthóirí ab eadh é roimh an Réabhlóid agus captaen ar na hInnealthóirí iseadh fós é." Is mór an chreidiúint do Charnot san.

Maidir leis an Taoiseach, tá arstocratach beag caithiseach go bhfuil sé i gcoidreamh go mór léi, bíodh gur Chouanaigh a gaolta uile. San bhfuastar go léir a bhaineas leis an bhfeachtas so fuair sé caoi chun éalódh leis agus dhá lá agus *dhá oidhche* a chaitheamh 'na teannta. Do bhí scannradh báis orm féin agus ar Mhr. Ó Séaghdha toisc é bheith ar iarraidh. Ó bhí a fhios againn cá ndeaghaidh sé, agus cad a thug ann é, bhí eagla orainn go ndéanfadh cuid de na Chouanaigh éirghe slí air agus é mharbhú. Nuair a thugadar iarracht ar é dhéanamh i gceartlár Rennes is maith d'fhéadfaidís é chur i gcrích i mbóithrín cúlráideach, agus dá mbaineadh aon bhárthainn do Hoche b'in deireadh le n-ár ngnó-na. Is diabhalta an mídhiscréid aige é, ach nár leigidh Dia gur mise an duine a chuirfeadh 'na leith é mar is rómhinic tuargan déanta orm féin ag an diablóir gránna, agus bheadh sé ró neamhnáireach mise d'á cháineadh súd. (Gabhann) " 'Tis woman seduces all mankind." Ní dóigh liom, ámh, (ach ag Dia atá 'fhios) agus an scéal mar atá againn, go n-imeochainn le catachas ar feadh dhá lá ameasc na Chouanach. Tá láincheart ag Hoche (agus cad chuige ná beadh) déanamh mar is rogha leis le n-a anam féin, ach níl aon cheart aige buille báis a bhualadh ar ár bhfeachtas-na. Do bhíos i bhfeirg go mór leis, mar ba dhual dómh-sa ná dearnaidh aon aimideacht riamh im shaoghal de bhíthin mhná. Níl ann ar fad ach díth céille, mar do ghníd sin mar is áil leo linn-ne, agus ní tairbhe bheith ag trácht air. Tá súil agam, ámh, go stopfaidh sé anois an fhaid is slán do.

Do chuala indiu ná raghaidh an État Major, agus mé féin 'na measc-san, ar an bhfrigéad céadna leis an Taoiseach agus is truagh

liom san, agus fátha iomdha fónta agam leis-sin. Do thaithneochadh liom féin go mór dul 'na theannta: ach muna féidir é caithfead géilleadh, bíodh go gcrádhann sé thar barr mé. Pé scéal é, ní abróchad aon ní 'na thaobh ach fios m'aigne a coimeád agam féin, cé go gceapaim go mba cheart do'n Taoiseach mise bhreith leis. Ní heol dom anois cad í long go raghad uirthi agus tá fearg nimhneach orm amhail is dá mba chás le haoinne é. 'Seadh caithfead dul i muinghin mo sheanleighis, an fhoidhne. Ní hé an chéad díombuaidh é a bhain dom san ngnó, agus is dearbh nach é an ceann deiridh é. Conus a bheadh dá mbeireadh na Sasanaigh orm, cuir i gcás. Mallacht air mar scéal! ach níl mo leigheas ar mo láimh féin agus fanadh an scéal mar atá.

Thug oifigigh an État Major dinnéar mór indiu do cheathrar nó cúigear de Chaptaení an chabhlaigh, bhíomar líon fiche duine ag an mbórd agus sinn go meanmnach. Do ceapfaí ar na Captaení uile gur mheasadar, leis an méid saighdiúirí atá curtha ar bórd againn, go mbeimís iniúil do na Sasanaigh, ach is é is eagal leo ná iad do theagmháil leo ag filleadh ar ais dóibh tar éis sinn-ne a chur i dtír. Dá ndeonuigheadh Dia é sinn-ne do bheith i dtír aon uair amháin; nach cuma do na Franncaigh é; is mar a chéile dhóibh sin iad a bheith ar loc i gCorcaigh nó i gCuan Bhrest; agus má théighimíd slán anonn sin é an íde is measa raghaidh ortha. Ní féidir cur síos ar an mbuairt aigne atá orm i dtaobh an scéil seo, ach ceapaim gur furus a thuigsint nárbh fhéidir do bheith ní ba dhéine. Nach ollmhór an geall atá curtha san imirt agam nuair ná fuil im anam ach cúrsa gan puinn tábhacht. 'Sé a fhaid ar a ghoireacht é: tá an ghráin mhairbh agam ar mhurchath mar, ar an gcéad dul síos, measaim go raghaidh orainn agus go dtiocfadh cosc an fheachtais d'á chionn agus, arís, b'fhéidir go marbhóchaí mé féin ann, agus annsan ní bheidh pioc de bharr mo bháis ag mo bháibíní bochta, agus dá mb'é mo dhán tuitim tar éis sinn a dhul i dtír, bheadh sé de shólás agam go mbeinn deimhnitheach go ndéanfadh mo thír cúram díobh. Is féidir dom a rádh gan bhréig gur mó atá an treo a bheidh ortha san, san aimsir atá ag teacht, ag déanamh imnidhe dhom ná mar tá mo shaorshlánadh pearsanta féin. Ní headh i n-aon chor gur mian liom a rádh go bladhmannach díomhaoin gur cuma liom bás d'fhagháil. Is fada buidhe uaidh é; is é mo mhian mairiúint fé shonas fara mo chéile cumainn agus mo cháirde, agus mo bháibíní caithiseacha d'oiliúnt; ach má thárluigheann mo thuitim-se san gcoimheascar ba mhaith liom, pé scéal é, gur im thír

féin é. Má gheibhim mo ghuidhe féadfad a rádh mar adubhairt mo chara bocht an Ruiséallach—

> "If we meet with a privateer, or lofty man-of-war,
> We will not stay to wrangle, nor to chatter nor to jar."

An duine bocht. Is é a chás i láthair na huaire seo an chúis imnidhe is mó atá agam. Tá súil le Dia agam go mbeimíd, tar éis an tsaoghail, i n-am fós d'aindeoin chabhlaigh Shasana chun é féin agus a bhfuil 'na theannta fé phionós d'fhuascailt. Ach, scéal thairis. Do thaispeáin Mr. Ó Séaghdha indiu dom forógradh an Taoisigh agus is mór an fábhar é sin óir ní fheacaidh Grouchy, an ceann-feadhna tánaisteach, fós é. Ní chuirfead síos annso go mion i dtaobh a bhfuil ann óir tabharfad aire go mbeidh cóib de ameasc mo chuid páipéar. Tá a lán dearmhad clódóireachta ann agus is truagh san agus fuaireas annso agus annsúd ann ráidhte a chuir mo sheanchara Captaen Poitier i gcuimhne dhom.

Samhain 30.—Tháinig eagla indiu ar an gColonel Ó Séaghada nuair a bhraith sé mana an ghúta chuige, galar atá ag gabháil do, agus bheartuigh sé dul ar bórd an *Fraternité* an fhaid atá sé iniúil ar bhogadh timcheall in-aon-chor. Tá sé gairid do thrí fichid agus an tsláinte teipithe air, mar is furus a thuigsint, tar éis seirbhíse sé mblian triochad; ach d'á aindeoin sin tá sé chómh dána, díscir san ngnó agus dá mba ná beadh sé ach cúig bliana fichead. Do chuas ar bórd 'na theannta agus chaitheas dinnéar fara 'n Aimiréal Morard de Galles atá tagaithe i n-ionad Villaret Joyeuse, agus dhá Aimiréal eile, Bouvet agus Bruix. Nuair a bhíos ar tí scaradh leis bheireas ar leathtaoibh é ar feadh nóimite agus dubhart leis ó thárlaidh gur ar mhalairt long a bheimís go mb'fhéidir ná beadh caoi eile agam ar labhairt leis ach an ócáid sin anois chun a innsint do, ó ba chosúil go mbuailfeadh na Sasanaigh linn, agus go bhfearfaí cath eadrainn, dar ndóigh, go rabhas d'á iarraidh mar athchuinghe air, i gcás dá dtárluigheadh aon mhíothapadh dhómh-sa agus é féin a dhul go hÉirinn slán, a dhícheall a dhéanamh ar son mo líntighe, maille le tuarasgabháil ar mo sheirbhís-se a thabhairt do réir mar mheas sé le ceart, agus mar bhí tuillte agam. Do dheimhnigh sé dhom dá dtagadh aon óspairt, nár mhiste dhom dul ar ionchaibh a dhúthrachta agus a cháirdeasa, agus d'iarr sé, ar an am gcéadna, dá dtárluigheadh a leithéid do féin go ndéanfainn-sé fónamh mar an gcéadna d'á mhuinntir-sin, ní a chuireas i n-úil go dúthrachtach do a dhéanfainn gan teip, agus mar sin do scaramar

Tá cion agam dáiríribh air agus meas an-mhór agam ar a dhílse agus ar a thallann. 'Seadh, ó tá sé anois ar bórd, sin an méid sin déanta.

Do réir deallraimh táimíd-ne (an État Major) le dul ar bórd an *Indomptable*, long ochtmhód gunna, agus an long is breághtha de'n scuadrún. Sólás é an méid sin féin. Tháinig Franncach óg, dob Adjoint do Chrublier, Taoiseach Conganta, indiu chugam d'á iarraidh go mbeadh sé 'na Adjoint dómh-sa mar go bhfuil Crublier, a bhíodh fé mórghradam ag an Taoiseach, tar éis tuitim, airighim, fé tháir éigin agus níl ag teacht linn. Dorsan is ainm do'n fhear óg so, ach ní haithnid dom é, agus níl Béarla aige, agus d'á bhrí sin dubhart leis gur fhágas na nithe sin uile fé'n Taoiseach agus go labharfainn 'na thaobh leis; agus dheineas d'á réir sin, agus chuireas mo thuairim féin i n-úil do agus, leis sin, d'fhág sé ar mo thoil agam mo rogha rud' a dhéanamh, agus mar sin ní thógfad é. Istoidhche dubhairt Rapatelle, buachaill óg eile, gur ainmnigheadh é féin le bheith 'na Adjoint dom agus is fearr go mór a thaithnigheann sé liom ná an duine eile, agus mar sin dubhart leis go ndéanfainn machtnamh anocht ar an scéal agus go gcuirfinn i n-úil amáireach do cad a dhéanfainn. Taithnigheann Rapatelle maith go leor liom ach níl Béarla aige sin ach oiread, agus mar sin beidh deacair fós san scéal dom. Dá mbeadh Matt annso anois agam ní bhainfeadh sé nóimeat díom treo a chur air 'na Chaptaen agus 'na Adjoint. 'Seadh má bhainim Éire amach ní mór dom Aid-de-camp annsúd, agus féachfad an uair sin cad fhéadfar a dhéanamh. Táim im Thaoiseach Conganta anois agus is dearbh nach ísliú a thárlóchaidh dom munab é mo mhéadú a dhéanfar im dhúthaigh féin. Do bhuaileas isteach tráthnóna go tigh Ghrimel mar is gnáth leis na Taoisigh go léir dul ag imirt chártaí agus trictrac. Bheir an Taoiseach Grouchy, an dara duine i gceannas, orm féin agus dheineamar cómhrádh fada i dtaobh na hÉireann. D'iarr sé orm dul amáireach go dtí clódóir an Earnála Luingseoireachta d'fhéachaint an bhfaghainn aon ní ar thíreolas na dúthaighe sin, agus, ar aon chuma, bualadh isteach chuige féin amáireach ar a haondéag, ní a gheallas a dhéanamh. Dubhairt an Taoiseach Cherin, Chef de l'État Major anocht liom go mbead ag dul ar bórd umanathar. Do ghabhas anáirde staighre mar sin agus dhingeas mo thrúnc, agus táim anois ar fionnraighe aon anncaire, agus tá an gnó so ar deireadh le tabhairt chun críche éigin. Táim san bhFrainnc deich mí díreach i gcómhramh na hoidhche anocht. 'Seadh níorbh aimsir a caitheadh i

n-aistear é, Chífeam i gcionn beagán laethe cad a thiocfaidh de. Do dheineas-sa mo dhícheall, pé scéal é.

Leitir chun Mrs. Tone.

CINNCHEATHRÚIN, I MBREST,
Samhain 30, 1796.

A MHÚIRNÍN CHROIDHE: Do scríobhas chugat Bealtaine 26 seo caithte 'ghá iarraidh ort aistriú, le n-ár líontighe ar fad go dtí an Fhrainnc, a thúisce gheobhthá caoi chuige, ach rug na Sasanaigh ar an luing go raibh an leitir uirthi, agus mar sin is dóigh ná fuairis riamh í; scríobhas an dara huair chugat, leis na hórdaithe céadna, agus ag innsint gach ní dhuit le déanamh, i gcás ná beinn-se san bhFrainnc rómhat; thugas an leitir sin do'n chonsul Americánach i bParis, a gheall í chur chun cinn i gcuma nár bhaoghal di, Iúl 28 seo caithte, agus d'á bhrí sin táim 'ghá cheapadh go bhfuairis í sin, agus ar chómhaireamh na haimsire dhom, agus tráth luighe seoil agus téarnóidh duit-se d'áireamh annsan, tá sé d'á cheapadh agam go bhfuilir fé'n tráth so ar do shlí go Havre, agus ní fhéadaim a innsint an t-imnidhe atá orm id thaobh féin agus i dtaobh ár mbáibíní beaga agus gach míochomhthrom agus baoghal a bhaineann le turas geimhridh d'á fhulang agaibh. Tá súil le Dia agam go dtiocfaidh sibh saor slán agus fé'n am go bhfaghaidh tú í seo go mbeidh ár ngnó-na críochnaithe againn-ne, agus san gcás san, cuirfir-se agus mise an chuid eile dár saoghal i n-áirithe d'á chéile, mar is róthuirseach mé de'n tsíorscaradh atá eadrainn, ó'n lá phósamar, dá n-abruighinn sin.

Fé dheoidh tá an Rialtas annso tar éis scéal na hÉireann a ghlacadh do láimh dáiríribh, agus, d'á bhrí sin, go luath tar éis dom an leitir dheiridh a scríobhadh chugat, tugadh órdú dhom dul chun an *Taoisigh Hoche*, atá i n-áirdcheannas an fheachtais, i *Rennes*, mar a raibh ar ceathrúin. Tar éis dhá mhí beagnach a chaitheamh i *Rennes*, chuamar go *Brest* d'fhonn gluaiseacht ar ár dturas, ach is mall gach mór; indiu féin iseadh do cuireadh críoch leis an ullmhúchán againn, agus tá súil agam dul umanathar ar bórd an *Indomptable*, long 80 gunna. Cúig longa déag líneagair agus deich bhfrigéid d'áireamh nirt cabhlaigh a bheidh againn, agus is é cheapaim, ach níl deimhin 'na thaobh agam, go mbeidh ar a luighead 10,000 de ghléire armála na Frainnce 'nár dteannta. Má shroicheam ann slán, leis an méid sin, níl aon amhras agam ná go n-éireochaidh

linn, go mórmór ó tá Éire anois ar fiuchaidh dearg le míoshásamh. Tá céim Taoisigh Conganta agam agus mé ar bhuidhin teaghlaigh an Taoisigh Hoche féin. Do thairngigheas dul leis na grenadóirí, a bheidh 'na sluagh tosaigh ar an armáil, mar gurab é ionad an bhaoghail agus na honóra é, ach dhiúltuigh an Taoiseach san dom go huasal, is dubhairt gur oir do féin go mbeinn-se 'na dhlúth-chómhgar. Is léir duit as san, mar le fear airm, go rug ádh orm thar mar bhí aon choinne agam riamh leis. Tá meanma thar barr ins na trúpaí idir Oifigigh agus saighdiúirí; agus is dearbh ná teipfidh orainn an bhuaidh d'fhagháil muna dtárluigheann cabhlach Shasana orainn san tslí agus scrios nimhe a dhéanamh orainn. Níl aon amhras agam ná go bhfuilid ar seol d'fhonn teacht rómhainn, agus má bhuailid 'nár dtreo tabharfar an cath is déine, b'fhéidir, d'ár fearadh riamh ar muir idir an dá chómhacht, mar is iad órdaithe atá againn, (an t-arm ar bórd atáim a rádh) ná bheith fé órdú an Chaptaen i ngach ní, ach amháin le stríocadh do'n namhaid; dar ndóigh caithfeam troid go deireadh na scríbe, agus níl amhras agam ná go ndéanfam é; má buaidhtar féin orainn ní fhéadfaid sinn go léir a ghabháil, agus san gcás san brostóchaidh a raghaidh slán díobh leo go hÉirinn; is deimhin, ó táimíd anois ar muir, ná casfam thar n-ais gan ár ngnó a dhéanamh.

Ní scríobhfainn mar seo ag cur scannradh gan gábhadh ort, muna mbeadh go mbeidh an gnó so ar leathtaoibh mar seo nó mar siúd abhfad sula bhfaghair an leitir seo; le buaidh dúinn-ne, tá súil agam, agus má's eadh, geallaim gan imeacht uait-se pé clú, nó árdonóir, nó tairbhe, a bheadh ag bagairt chugam gluaiseacht. Tar éis a bhfuil fulangtha againn, tá suaimhneas beag anois tuillte againn.

Is é déine an scéil atá againn fé ndeara dhom scríobhadh chómh mór dáiríribh is atáim. Le linn gluaiste dhom ar an bhfeachtas so agus cath mar siúd le cur dínn againn b'fhéidir, ní fhéadaim a cheilt orm féin ná ort-sa go bhfuil mórbhaoghal im chómhair agus go mb'fhéidir mo thuitim ann; má thárluigheann san, tá súil agam go mbeidh de mhisneach ionnat fulang leis an tubaist mar ba mhaise dhuit, ar mhaithe leat féin agus ar mhaithe le n-ár leanbhaí dílse. Is eol dom, do réir mar bhraithim féin fé láthair, a ghéire a ghoillfidh an greim sin ort, má bhaineann duit, ach ní bheidh dul ó'n olc annsan, agus ní foláir liom nó gríosóchaidh do dhualgas dár mbáibíní dílse thú chun an stuamdhacht mhór is eol dom a bheith agat a chur chun díchill; agus ná géill do'n ualach pé duadh a chaithfir a chur ort

féin chuige. Ná bím ag cur leis sin aon réasúin fhuara d'á dheimhniú ná fuil leigheas ar an gcathú ach é mharbhú le foidhne. Athchuinghim ort, thar ceann do ghrádha dhom, ar do shon féin agus ar son ár leanbhaí beaga, tú do tharrang do mhisnigh uile chugat, agus má's é an tubaist atá i ndán dómh-sa cuimhnigh ná beidh de thuismitheoirí annsan aca ach tú. Ní gábhadh dhom a thuille a rádh, agus go deimhin ní fhéadaim é.

Má bhaineann aon ní dhómh-sa agus go n-éirigheann leis an bhfeiachtas, raghair, dar ndóigh, ar an gcéad chaoi gheobhair, go hÉir nn. Níl de dhrochthuairim agam as mo thír ná as mo cháirde go g^c^eapfainn, an gcás san, ná déanfaidís soláthar dom mhnaoi agus dom chlainn-se. Má's bás dom é, agus má's teip do'n theachtas, caithfead a rádh nach eol dom tú chómhairleach. Pé scéal é d'fhonn ceart a dhéanamh duit féin, cuir do scéal i n-úil i bhfuirm athchuinghe d'Árdchómhairle Feidhmiúcháin na Frainnce, agus, go mórmór, do *Charnot* gurab aithnid do mé, agus gur leis a dheineas mo ghnó ar fad ó thána do'n Fhrainnc; tabhair fios gach fátha dhóibh agus éiligh cabhair; cuir tú féin i n-úil, leis do'n *Taoiseach Ó Cléirigh* agus scríobh chuige-sin fé iadh leitre go *Carnot;* do'n *Cholonel Ó Séaghdha*, atá 'na charaid thar cách agam, agus atá im theannta san bhfeachtas so, agus, fós, do'n *Taoiseach Hoche* gurab eol do mo bhearta agus a dhéanfaidh, is deimhin liom, áis duit-se, san gcás san. Ag Dia atá a fhios an mbeidh aon toradh ar an méid sin, mar tá an Rialtas annso, go bhfios dom féin, i gcruadhchás deacrach 'cheal airgid; Pé scéal é bainfir iarracht as. Má theipeann air sin fágaim fé nbhur mbreithiúnas agus bhur gciall araon é, ó bheidh Maitiú, le congnamh Dé id theannta, chun beartú ar an gcómhairle ab fhearr a dhéanamh, ciaca 'bhfanfá san bhFrainnc, nó 'bhfillfá go hAmerica. Má's é an ní deiridh é, agus ó bheidh an beagán atá anois agat ar fad beagnach imithe, caithfir dul go Carolina nó Georgia, óir is annsúd amháin a bheidh ar do chumas maireachtaint, agus, san gcás san, cuirim fé comraighe an Té Uilechómhachtaigh san a thug slán go míorbhailteach, beagnach, go minic cheana sinn, ach go bhfuilim 'ghá athchuinghe ar Mhaitiú, mar is geal leis cuimhne dearthár a thug grádh dílis riamh do, gan é dod thréigean ar feadh aga aonuaire an fhaid a fhéadfaidh áis a dhéanamh duit, ach bheith 'na charaid fhíor duit-se agus 'na athair ar mo bháibíní beaga-sa.

Tá an uair a chluig is míothaithneamhaighe dem shaoghal curtha isteach agam; tá rabhadh tugtha agus ullmhú déanta agam duit i

gcómhair taisme an mhóruilc, agus bíodh a dheimhne agat nach mó é t'uathbhás-sa roimh an scarúint sin ná m'uathbhás féin ; ach tá súil agam, d'á aindeoin sin, go bhfuil de mhisneach ionnainn araon gan stríocadh roimhis. Iompuighimís anois ó'n duairceas san agus féachaimís an bhfuil aon ghileacht san scéal, ba thaithneamh linn.

Muna gcastar cabhlach Shasana orainn, nó, iad a bhualadh linn agus sinn do bhrúghadh rómhainn, agus, a fhaid ar a ghoireacht, má shroichim Éire slán, ('sé sin lem shluagh deich míle leannán ó'n bhFrainnc lem chúl), níl baoghal amhrais ná go n-éireochaidh linn, agus nuair a bheidh an tír neimhspleádhach, ní bheidh ionad innti dar liom, a éileochad, le haon réasún, ná go bhfaghad é, agus chífir annsan ciaca is é nó nach é an fonn is mó im chroidhe tusa bheith fé shonas ; creid uaim é, a mhúirnín, gur tusa adhbhar gach gnímh shaoghalta agam agus gach rúin im chroidhe. Cuimhnigh go bhfuilim anois ar bhóthar mo mhórmhaitheasa, agus mo mhórchlú tá súil agam, mar, má éirigheann linn, is dóigh liom nach miste dhom a rádh go bhfuil clú éigin tuillte agam ; ach deirim, leis, nach cáil ná maoin is fonn liom, ach d'fhonn go mbeadh ar mo chumas a thaispeáint duit-se gur mór agam d'fheabhas-sa agus do chuid sobháilcí. Ó thárlaidh go mbeidh céim Taoisigh Chonganta agam ar dhul ann dom agus gradam an Taoisigh Áirdcheannais agus, fós, deighmhéin mo chóimhthíreach is dóigh, agus, ó's deimhin go gcuirfar ar bun láithreach armáil Éireannach, ní dhéanfar a thairgsint dom, measaim, aon chéim is lugha ná mar atá anois agam, agus, má bhíonn m'iomchur, fé mar bheidh tá súil agam, ar nós ba mhaise d'oifigeach fónta, beidh ar a luighead caoi ar árdú agam chómh maith le duine, agus bead fé dheireadh mar adeireadh Miss Mary (agus cuir mo dheighmhéin i n-úil di) im *état militaire*. 'San gcás san, de bhrí go mbeidh ar a luighead cipe agam, beidh im chumas cóir éigin fhónta a chur ar Mhaitiú, agus is dóigh, ó tá turas fairrge tugtha ag an gcathardhach Artúr ar mhaithe leis an gcúis, beidh de cheart agam ionad d'éileamh do-san leis ; mar sin beidh caoi ag Miss Mary triúr d'á deartháracha d'fheicsint fé chótaí spiagacha glasuaine agus claidhmhte fada le n-a dtaobh, agus beidh sí ar a suaimhneas annsan, is dóigh. Tá fé láthair cába breágh d'á chaitheamh agam, agus tá cuffaí croidhearga fé ghréas ar m'éide, agus hata fé lásaí, rud ná ceaduightar ach d'oifigigh ceannais, ach is mé bheidh fé shonas (agus is truagh, a Dhia, nach é amáireach é) nuair mhalartóchad an ceann gorm so orm ar chóta chómh glas

leis an ngeamhar, agus a *thiocfaidh abhfad níos fearr* dom. Má shroichim slán anonn, is é an chéad rud a dhéanfad ná Maitiú a cheapadh 'na aid-de-camp éaghmaise dhom, agus is maith an tosnú an méid sin do; go deimhin tá míle rud fónta beartaithe agam 'nbhur gcómhair go léir, má thugann Messieurs na Sasanaigh cead bóthair dom, mar, fé mar adubhairt an file:

> "If we meet with a privateer, or a lofty man-of-war,
> We will not stay to wrangle, to chatter nor to jar."

Ní d'ár ngnó é cath a thabhairt ar muir dóibh siúd má fhéadam san a sheachaint, agus bíodh a fhios agat gur d'ár ndícheall a raghaidh muna seachnuighimíd iad, agus tá súil agam fós go stríocfam slán agus má dheinimíd, fé mar dubhart cheana deich n-uaire, chífeam a bhfeicfeam.

Sin críoch scéil anois agam ar an íde is fearr agus is measa d'imeochadh orm, ach tá an treas slí fós ann agus gurab é é go dtiomáinfaí thar n-ais sinn d'aindeoin ár ndíchill agus mar sin go gcasfainn slán ar an bhFrainnc. Má's mar sin é, measaim go mbeidh mo thuarastal Taoisigh Chonganta fós agam, agus gur mór an bhreis ar ár ngustal beag an méid sin, do réir mar atá nithe annso; ceannóchad annsan, nó tógfad ar chíos feirm bheag i ngoireacht beagán míle de Pharis agus caithfead an chuid eile dem shaoghal ar mhaithe led shonas-sa agus le hoiliúint ár gclainne. Bíodh ná fuil an íde deiridh sin chómh dona leis an gcéad cheann úd a cheapas, is ródhuairc liom-sa le breithniú é i láthair na huaire, agus fátha le luadh agam leis sin.

Ó thána do'n Fhrainnc ní fhuaireas scéal ar bith ó Éirinn, ach chínn páipéir ó Shasana cuibheasach minic, tré dheighmhéin Mhadgett, atá i mBureau Aire na nGnóthaí Coigcríoch; dá bhrí sin, ba chrádh croidhe liom a léigheadh, um Bhealtaine seo caithte, gur gabhadh Seán Mac Eochaidh, ar órdú ó'n Rialtas, agus Sir Eadbhard Bellew (arstocratach mór), is cuid mhaith eile 'na theannta ach d'fhaireas na páipéir go cúramach ar feadh áireamh míos 'na dhiaidh sin, agus ó ná feaca trácht arís ortha, tá súil agam gurbh amhlaidh a scaoileadh láithreach iad, agus ná raibh ann ach gal suip, ach níl agam ach amhras. Fuaireas ó shin (le beagán laethe, is fíor) agus sinn ar bóthar go Brest, páipéar ó Shasana agus alt ann, a tógadh as an *Northern Star*, Meán Fóghmhair 16, mar ar léigheas rud a chuir anaithe agus imnidhe thar fóir orm, gur gabhadh *Harry Haslitt*, agus beirt gurbh ainm dóibh *Osborne* agus *Shanaghan*, an

lá san i mBéal Feirste i leith tréasa, agus go dtug Sam Mac Néighill agus an Ruiséallach iad féin ar láimh go toilthiúil. Dein féin a mheas mar do ghoill an buille sin orm-sa. Chómh luath is thána, siúd liom go dtí Hoche chun an scéal a chur i n-úil do, agus do shocruigheamar láithreach ar dhuine oiriúnach a chur go hÉirinn, ar bórd árthaigh ó America agus dhá chúram air, 'sé sin chun fios scéil d'fhagháil agus, rud ba thábhachtaighe linn, chun rabhadh a thabhairt dom cháirde, tré mheoin a léirigheas do, agus a rádh leo áis a bhaint as gach cor agus cleas san dlí chun a dtriail a chur ar cáirde d'fhonn aga a thabhairt dúinn-ne, má b'fhéidir, chun teacht i gcabhair ortha. Do ghluais an duine sin ó Bhrest an 7adh lá de'n mhí seo agus tá súil agam gur shroich anonn slán, ach táim fós fé anaithe mhór imnidhe, agus fé bhuairt aigne. Má bhainimíd Éire amach, rud a dhéanfam, tá súil agam, fé chionn deich lá, cuir i gcás ná buailfeadh an anachain linn tá coinne agam go mbeimíd i n-am chun iad d'fhuascailt, ach má tá i ndán dúinn le mí-ádh bheith déannach beimíd i n-am pé scéal é chun a mbás d'agairt, agus, san gcás san is dá mhairg do lucht a gciapaithe.

Ó táim ag tagairt dom cháirde ní mór dom a innsint duit gur marbhuigheadh ár gcara bocht, an Major Sweetman, go mí-ádh-mharach i gcómhrac aonair i n-aice Lonndain, mí Eanáir seo caithte. I bpáipéir ó Shasana iseadh chonnac an scéal, agus ní dóigh liom gur ghoill aon ní riamh chómh mór orm; ní fhuaireas aiseag mo mheanman go ceann míosa 'na dhiaidh; agus fós féin is aithreach liom cuimhneamh ar a bhás, agus dar liom ní taise dhuit féin sin. Gan tagairt dom chathú pearsanta 'na dhiaidh, ní miste a rádh ná gur mór an t-easnamh orainn é ar an uair seo nuair a dhéanfadh a mhisneach agus a chuid tallann agus a thírghrádh áis thar barr dúinn. Is truagh liom thar fóir é ar gach cúinse, idir phoiblidhe agus príobháideach, agus níor cheapas go ngoillfeadh a bhás chómh mór san orm.

Ach ag tagairt d'ár ngnóthaí féin. Ar theacht go Havre duit, scríobhfair dar ndóigh, do réir mar d'innseas cheana dhuit, go dtí Madgett a chuirfidh í seo ag triall ort mar táim-se 'ghá cur chuige fé chlúdach eile. Dob' é bheartuigheas ar dtúis ná tú dhul go Paris ach, ar athmhachtnamh dom air, tá an bheatha chómh costasúil sin ann, agus an taisteal mar an gcéadna, go mb'fhearr duit cur fút go bhfaghair scéala uaim-se, i gceann éigin de na sráidbhailte i ngoir-eacht léigeanna beaga do Havre, mar a bhfaghair ionad lóistín ar chíos agus go bhféadfair gnóthaí cistean, 7rl., a dhéanamh

dhuit féin. Tá sráidbhaile dárab ainm *Yvetot* ann a oirfeadh go maith, measaim. Má bhaineann aon ní dhómh-sa, ní bheidh aon ghnó go Paris agat, agus, san gcás san de, má bheartuighir fanúint san bhFrainnc féadfair cur fút i mball beag éigin san gceanntar san chómh maith le háit ar bith eile, agus caithfidh Maitiú a dhícheall a dhéanamh daoibh thar mo cheann-sa. Má's filleadh go hAmerica a chinnfir a dhéanamh, beir i gcómhgar Havre an áit is dóichighe dhuit caoi gluaiste anonn d'fhagháil; *agus ní foláir dom a rádh, má chasair ann, gur túisce a mholfainn duit Carolina, agus go mórmór Georgia, mar a bhfaghthaí talamh ar ríbheagán, ná an Fhrainnc mar a mbeitheá-sa fé leathtrom gan chuimse de dheascaibh aineolais ar an dteangain, agus ar na nósa agus ar na béasa chleachtaid.* Má théighim slán go hÉirinn, agus seo mé go dian 'ghá ghuidhe sin, agus má éirigheann linn, fé mar éireochaidh má théighimíd ann, b'fhearr liom go mór i *Yvetot* thú, cuir i gcás ná i bParis, d' fhonn dul ó chostas, fara míle fáth eile. Muna dtagair go luath, is maith an dóigh go bhfaghair leitir eile 'na teannta so, mar is é 'chéad rud a dhéanfad, dar deimhin, duit, tar éis dul i dtír dúinn, ná scríobhadh chugat fé chlúdach go dtí Madgett, agus ní dhéanfad dearmad gan airgead a chur chugat d'fhuascailt do ghábhtair, agus ní túisce leigfidh cóimhlíonadh mo dhualgais dom é ná siúd mé chugaibh le díoghrais d'bhur múchadh le póga; ag Dia amháin atá a fhios mar atáim-se ag coinne leis an tráth san.

Is uathbhásach an leitir í seo gan snáth ceangail ar bith innti ach, dar deimhin, bhíos fé imnidhe thar fóir agus fé mhearbhall 'ghá scríobhadh dhom; muna bhfágainn an Fhrainnc ar aon chor agus tusa agus mo bháibíní agat a bheith ar an mórmhuir, ba láinleor é chun mise bheith ar síorbhuaireamh; nó, dá mbeadh sibh tagaithe slán, agus mise ar bórd, bíodh go mba lugha go mór m' imnidhe, mar sin féin bheadh mo dhóthain mór agam dom bhuaireamh; ach ar bheith dhúinn mar atáimíd agus an dá chás im chómhair: éideimhne agam cad é crích atá ort-sa agus ar na leanbhaí, agus cad é crích imeochaidh orm féin, rud is mórthábhacht duit-se agus d'ár leanbhaí, ní dóigh liom go bhféadfaí a cheapadh aon chás chómh míchéadfadhach ná chómh mór imnidhe; agus cuir leis sin go gcaithim mo bhuaireamh a bhrúghadh fúm ar eagla go gceapfaí gur droichmhisneach a bheadh orm le hucht dul ar bórd. 'Seadh, beidh deireadh sula fada le héideimhne i dtaobh an ghnótha, pé scéal é. Ní foláir nó déanfaidh deich lá anois, dar liom, socrú air,

agus is dearbh liom ná féadfadh aon ghreim breith níos déine orm ná fionnraighe uathbhásach na himnidhe atá fé láthair orm. Má éirigheann le n-ár n-iarracht, ní chuirfead choidhche arís ár sonas araon i mbaoghal ar son aon ghradam onóra ná geall maitheasa a bheadh am mhealladh ; má theipeann orainn, is cúis onórach í ar a luighead, agus prionsabail córach is cirt ag gabháil léi, agus, i n-aon chás aca, ní chloisfir scéal m' iomchuir-se choidhche 'na scéal aithise dhuit féin ná dom chlainn.

Ar an nóimeat so anois tá órdaithe fachta agam dul ar bórd i gcionn leathuair a chluig. Níl aga agam, dar ndóigh, a thuille a scríobhadh. Fé chomairce na bhFlaitheas go rabhabhair go léir. Dia mór an Uilechómhacht 'bhur mbeannachadh agus 'bhur gcosaint. Slán agat, a mhúirnín díl m'anma. Póg thar mo cheann deich míle uair mo bháibíní caithis, agus bíodh agat choidhche dhom an grádh céadna atá agam-sa dhuit-se.

Slán arís agat.

T. W. Tone.

Brest, Mí na Nodlag, 1796.

XXVII

FEACHTAS 1796 *GO CUAN BHEANNTRAIGHE*

1796—Mí na Nodlag 1 go hEanár 1, 1797.

Ar bórd an "Indomptable." Tone ag moladh éalódh i longa luaithe le sluagh beag go Cúige Uladh. Hoche 'na aghaidh sin. Moill fhada i gcuan Bhrest. Gluaiseacht ó Bhrest. Teacht go Cuan de Camaret. Tríd an Raz. Céadscaipeadh an chabhlaigh. Hoche agus na hAimiréil Cinn ar iarraidh. Cuid de'n luingeas fáin ar ais arís. Cailliúint an "Séduisant." Scaipeadh arís ar an gcabhlach. Teacht go Cuan Bheanntraighe. Feitheamh leis an luingeas fáin. Tosach an tséideáin. Scaipeadh ceann ar gceann ar fhuighleach an chabhlaigh. Cómhairlí cogaidh ar bórd. An Taoiseach Grouchy. Imeacht ó Chuan Bheanntraighe agus deireadh leis an bhfeachtas.

Mí na Nodlag 1, 2.—Fuaireas m'órdú chun dul ar bórd an *Indomptable*, long 80 gunna, fé'n gCaptaen Bedout. Do bhailigheas mo ghréithre láithreach, scríobhas leitir fhada teagaisc chun mo mhná mar ar chuireas tuairisc mionchruinn ar an uile ní ba ghábhadh dar liom agus chómhairligheas di, dá mbaineadh aon ní dhómh-sa, filleadh ar America arís agus cur fúithi i stát Georgia nó Carolina. Do chuireas an leitir fé chlúdach eile ag triall ar Mhadgett agus ar a dó a chlog do shroicheas ar bórd. Long álainn thar barr atá againn. De bhrí gur mise is aoirde céim is mé is ceann feadhna ar na trúpaí indiu, ach beidh mo mhalairt amáireach ann, measaim, nuair a thiocfaidh an État Major ar fad. Tá súil le Dia agam go bhfuilimíd ar barraoid ghluaiste fé dheireadh. Chím do réir forógraidh a chuir an Fearionad Rí amach go bhfuil Tuaisceart na hÉireann fé bharr lasrach; má shroichimíd-ne slán ann ní haon dícheall a dhéanfam á mhúchadh. Seadh, chífeam é.

Mí na Nodlag 3, 4.—Tá sé cuibheasach deimhnitheach anois go bhfuil na Sasanaigh líon nirt lasmuich d'Ushant, agus sé longa déag líneagair agus deich bhfrigéid de chabhlach aca agus d'á dheascaibh sin níl ródheallramh ann go bhféadfaimíd Éire bhaint amach gan iad-san a theagmháil linn; agus le buaidh catha féin ní bheadh dul

as gan diomáiste mór a dhéanamh do chrannghail agus d'thearas na long againn, i dtreo dá dtéigheadh againn ortha, rud nach dóigh liom, go mb'fhéidir go gcoiscfaí fós sinn ar dhul ar an bhfeachtas toisc gurab í ionbhaidh anfadhthach na bliana atá ann. Tá scéim d'á bheartú agam, agus, ó'n dul atá ar chúrsaí i nÉirinn fé láthair, ní mheasaim go dteipfeadh air. Seo é é: go sleamhnóchadh trí cinn nó, ar a mhéid, cheithre cinn de na longa is éascaidhe siubhal leo amach ar an gcéad chaoi gheobhaidís oidhche dhorcha ghaoithe aniardtuaidh agus iad dingthe de shaighdiúirí, agus complacht ar a luighead de'n Artillerie Légère ortha-san, agus cúrsa a thabhairt ortha féin, bíodh go mba shia féin é, a sheolfadh abhfad ó chabhlach na Sasanach iad; annsan iad a ghabháil timcheall ar feadh imill na hÉireann gan dul ró chómhgarach, ar eagla na hóspairte, agus na fir a chur i dtír san Tuaisceart chómh gairid do Bhéal Feirste agus dob fhéidir. Dá n-éirigheadh linn 2,000 fear a chur i dtír ar an gcuma san, agus oiread arm agus d'fhéadfaimís a bhreith linn 'na theannta san, is láindearbh liom go mbeadh seilbh ar Thuaisceart uile na hÉireann againn fé chionn seachtaine agus ní baoghal ná go bhféadfaimís ár ngreim a chongbháil aimsir fhada ann d'aindeoin a gcuirfaí de neart nár n-aghaidh; agus thiocfadh d'á thoradh san, an chéad rud, go bhfágfaí an Deisceart uile gan saighdiúirí ar bith, mar go gcuirfaí dar ndóigh i n-ár gcoinnibh-ne iad; agus, fós, is deimhin liom beagnach go dtréigfeadh cabhlach Shasana a ionad lasmuich de Bhrest láithreach, mar a bhfuil sé anois ag croissheoladh le deich seachtaine do réir chúntaisí, mar go gceapfaidís go raibh an anachain déanta, agus gur faireadh tar éis na foghla bhí d'á dhéanamh aca; agus leis sin a bheith amhlaidh go bhféadfaí gluaiseacht leis an murluchtadh mór láithreach, agus tar éis dul i dtír san Deisceart go dteanntóchaí an namhaid idir dhá theine agus go socróchaí an gnó gan buille a bualadh ar éigean. Má glactar leis an scéim seo is róriachtanach gan an scéal a scéitheadh ach le Morard de Galles, Hoche agus an Colonel Ó Séaghdha. 'Sé fáth fár mhaith liom gan noimeat a scaoileadh le faillighe agus, fós, an iarracht a thabhairt le dhá mhíle fear d'aindeoin na tuairime atá curtha síos agam ins na meamraim seo cheana, ná go bhfeaca le beagán lacthe ins na páipéaraibh Franncacha aistí 'na raibh tuairisc, fara rudaí eile, i dtaobh forógradh do chuir an Fearionaid Rí amach an 9adh lá de Shamhain agus is léir uaidh go bhfuil an éirghe-amach i mbéalaibh a phléasctha san Tuaisceart gach nóimeat, agus nár stad an fuadar leo nó go ndearnadar réabadh ar an mangaisín i mBéal Feirste agus

go rugadar go foránta deich mbarraile de phúdar leo as. Is eagal liom d'á dheascaibh sin iad a dhul thar fóir sula mbí an chabhair i gcóir dóibh. Dá mbeimís-ne ann le haon uimhir i n-aon chor de thrúpaí, ach airm agus gunnaí móra bheith againn, níor bhaoghal ná go mbuaidhfimís. Tar éis machtnamh le dhá lá air, ar bórd luinge dhom, agus tar éis an scéim a bhreithniú ó gach taobh, chuas indiu ar a dó a chlog ar bórd an *Fraternité* chun é innsint do'n Cholonel Ó Séaghdha atá ar fionnraighe amóige leis an ngúta. Do mhínigheas ó thúis deireadh dho é agus thaidhsigh dom gur thaithnigh go mór leis, agus ó thárlaidh go mbeidh an Taoiseach ar dinnéar ar bórd i dteannta an Aimiréil indiu do gheall sé go dtarraingeochadh sé chuige é d'fhonn fios a thuairime d'fhagháil. Do dhearmhadas a rádh gur iarras, dá nglactaí leis, go gceadóchaí dhom féin dul ar an gcéad murluchtadh. Do dheineamar coinne annsan i gcómhair an lae amáirigh chun tuairisc a thabhairt dom, agus mar sin scaramar le chéile. Is uasal an seanbhuachaill é an tráth so d'á shaoghal, agus an aicíd uathbhásach san an ghúta air, ag dul fé scéird na hócáide seo chómh misniúil agus atá.

Ó's ag tagairt do mhisneach é, ba gheall le leomhan mo chaptaen-se, Bedout cathardhach, san troid ar feadh an chogaidh; bhí sé i gceannas an *Tigre*, a gabhadh le Sasanaigh, Meitheamh 27, 1795, agus goineadh i gceithre áit é sular ghéill do thrí longa tréleibheann a bhí 'ghá chluicheadh le 'chéile. Dubhart leis an gColonel Ó Séaghdha, dá nglactaí lem scéim-se, go mba cheart dar liom é siúd a cheapadh 'na Chommodóir, agus gurab é sin a chéim, go mórmór ó's long sárluath an *Indomptable* agus go dtaidhsigheann súd bheith go lánchroidheach ar thaobh an fheachtais munab ionann agus urmhór do'n lucht maraidheachta. Tá orm anois fanúint go dtí amáireach agus tá súil agam, de dheoin Dé, go nglacfar lem bheartú-sa mar gur deimhin liom gurab é beart is fearr ar ár gcumas anois é. Is eagal liom é, ámh, go mórmór toisc dá n-éirigheadh leis go mbainfeadh sé a bheag nó a mhór de'n ghradam a bheadh ag dul do Hoche, dá mb'é is túisce raghadh i dtír; ach tá súil agam go bhfuil sé de neart ann gan leas an ghnótha a mhilleadh tré leithleachas le n-a cháil féin. Chífeam é.

Thug an tAimiréal órdú indiu ná leigfear aoinne i dtír tar éis an lae amáirigh, sin é an rud go dtugaid Franncaigh *lever la planche* air. Codlóchaidh an Taoiseach féin ar bórd an oidhche sin i slí is gurab é dul gach scéil anois ná "*to give dreadful note of preparation.*" Ba mhaith liom, ámh, go nglacfaí lem scéim-se. Tá tréi-

thar barr orm ar bórd, agus is mór é lághaiche agus cúramaighe an Chaptaein Bedout. Ó Chanada é agus tá Béarla ar fheabhas aige.

Mí na Nodlag 5, 6, 7, 8.—Ní mór an t-adhbhar tráchtais atá san gcleachtadh neamhatharrach saoghail atá annso agam ar anncaire róid i mBrest. Do chonnac indé Mr. Ó Séaghdha atá fós 'na luighe leis an ngúta. Deir sé liom gur tharraing mo scéim-se chun an Taoisigh agus go ndubhairt san láithreach nárbh fhéidir é agus ná leomhfadh a ghabháil air féin an fhreagarthacht a bhain leis. Fátha fónta aige leis. An chéad ní: dá gcastaí an namhaid leis an scuadrún beag so againn-ne gur ródhócha gurab é a ghabháil a thiocfadh de. Rud eile, dá ráinigheadh dúinn dul slán agus an chuid eile de'n chabhlach do theagmháil leis an namhaid agus an namhaid do bhuachtaint ortha, rud ba dhóiche ná a chéile, is air féin a cuirfaí an milleán go léir, toisc an cabhlach iomlán a lagú le cur an scuadrúin uaidh; agus, rud eile arís, de bhrí an ullmhúcháin a bhí déanta, agus gan lón ná fearas againn ach i gcómhair gearrthréimhse, go gcaithfeam dul fé sheol go luath, *coûte qui coûte*, ionnus nárbh aon tairbhe bheith ag coinne mar bhíos-sa le buntáiste bhaint as cabhlach Shasana a tharrang chun siubhail, mar ná féadfaí fanúint fada go leor chun an ní sin a theacht i gcrích.

An ceann deiridh sin an fáth is fearr dár luaidh sé, ach sé mo thuairim daingean fós, agus gach ní d'áireamh, go mb'é mo bheartú-sa beart ab fhearr go fairsing. Dá bhféadaimís dul le lán ár nirt, *à la bonne heure*, ach ní fhéadfam, agus nuair ná fuil a mhalairt i ndán, dar liom-sa, ach buachtaint orainn go feilimeanta, agus an feachtas go léir a dhul ar bóiléagair, ceapaim gurab é mo scéim-se ab fhearr chun rud éigin a shaoradh ó'n tubaist; agus go mb'fhéidir, leis an bhfórsa atá luaidhte agam, go n-éireochadh linn, bíodh go raghadh an feachtas mór ar bóiléagair féin. Deirim "b'fhéidir" bíodh, le fírinne, ná fuil cuid d'á amhras orm. Maidir leis an mbaoghal do luaidh an Taoiseach 'na choinnibh, gan amhras tá baoghal mór ann ach ar an gcéad dul síos is mó go mór a shamhlóchainn-se baoghal le n-a ghléas féin, de bhrí gur dóiche go mór go n-éalóchadh cheithre long slán leo ó fhoraireacht an Aimiréil Gardner atá 'ghár bhfaireadh amuich le hocht longa déag líneagair, ná mar éalóchadh na chúig cinn déag atá san scuadrún againn-ne (gan frigéid ar gach taobh d'áireamh); agus maidir le cómhrac, níor dheimhnighe iad a bhuachtaint ar na cheithre cinn ná go mbuaidhfidís ar na chúig cinn déag agus b'é críoch na mbeart, dar

ndóigh, ná an feachtas a theip. Ar an dara dul síos, maidir leis an mbaoghal, níl aon dul riamh ar bheart chómh mór leis seo atá ar láimh againn-ne a chur chun críche gan baoghal thar cuimse; agus ó's sinn gan amhras is lugha neart ar muir, ní mór dúinn dul i leith an bhirt is lugha baoghal, agus 'na thaobh san de, níl amhras ná gurab é mo shlí-se ab fhearr. Pé scéal é tá a mhalairt de shocrú air agus caithfead-sa géilleadh. Is é atáimíd-ne ann chúig longa déag líneagair, deich bhfrigéid agus a seacht nó a hocht de luingeas iomluchtaidh. Sin breis agus triocha luingeas, cabhlach ná raghadh anonn choidhche gan 'fhios d'fhorairí na Sasanach, fé bhun anaithe gaoithe theacht ar feadh dhá lá nó trí gan staonadh a shéidfeadh an canáile ó thuaidh iad. Agus leis sin féin, ar a bhfeicim-se d'ár gcuid ullmhúcháin, nílimíd ullamh chun preabadh dá mbaineadh súd féin dóibh i dtreo dá dtagadh stoirm d'ár bhfuascailt go mbeadh d'aga ag an namhaid filleadh thar n-ais agus iomdhruidim cuain a dhéanamh orainn, nó teacht rómhainn, pé scéal é; dá éaghmais sin tà na dúilí i gcóimhcheilg 'nár gcoinnibh. Le cuimhne an duine níorbh eol a chómhfhaid de thréimhse shoininne an tráth so 'bhliain; tá cóir ghaoithe le trí seachtaine ann ná féadfaimís-ne aon áis a bhaint as agus gur léir a chúis sin. Le hathrú síne, dar ndóigh, gheobham an ghaoth ó mhalairt an treo san, gnáthghaoth síne an gheimhridh agus fágfaidh san fionnraighe cuain orainn chómh feilimeanta le haon tSasanaigh. Táim bréan thar fóir dem shaoghal. Má luigheann an ghaoth siar agus í d'fhanúint tamall ann, rud is ródheallramhach, tiocfaidh breoiteacht is míofhoidhne ar na saighdiúirí agus ní is measa fós, beidh an uile chinéal d'ár lón ídithe, agus mar sin beidh orainn éirghe as an bhfeachtas de dheascaibh dearg-ghanntair. Easnamh an airgid an greim cruaidh atá ar Rialtas na Frainnce. Is doilgheasach dubhach na meamraim iad so, ach, a chreach chráidhte é! níl ionnta ach fírinne.

Na Spáinigh damanta san! Máiseadh caillfid siúd na coilíní atá i nAmerica aca; agus a chonách san ortha, agus ní miste liom do Mhr. Pitt mo scéim-se a chur i bhfeidhm i gcómhair Oileán Sandwich. Sin deireadh agam anois lem scéim-se agus tá,gan amhras, constaicí ag baint leis, fé mar dubhairt an Taoiseach, ach nuair is rogha dhá dhíogh é, cá bhfaghfar an scéim gan locht?

Do bhí cleachtadh mór ar siubhal indiu againn ar ghunnaí móra agus mionairm agus chuir na saighdiúirí agus na mairnéalaigh a ngnó dhíobh le mórfhuinneamh. Ba mhaith liom an gnó céadna fheicsint ar luing chogaidh Shasanach. Ní dhearnamar-ne aon

lámhach ach do dhein dhá luing 'cile é, an *Nestor* agus an *Eole;* b'álainn an radharc é.

Thugas leathuair a chluig fara Mr. Ó Séaghdha an tráthnóna so, bhí an gúta gabhtha go dtí n-a láimh chlé agus bhí droichmhisneach dian air, de'n chéad uair riamh, measaim. Dubhairt sé liom gur dóigh leis an Taoiseach go bhfuil lucht na maraidheachta ag cleasaidheacht leis, d'fhonn an gnó a mhoilliú go dtagaidh an drochaimsir i dtreo má bhíonn san buan, rud is dóigh a bheidh, go mbeidh ár lón uile caithte agus go gcaithfar éirghe ar fad as an ngnó de dheascaibh deargghanntair. Do bhí coinne agam féin leis sin. Dubhairt sé fós liom i dtaobh Bruix, Fo-Aimeiréal, go bhfuil cúram cuid na maraidheachta de'n fheachtas air, go bhfuil patfhuaire an-mhór tagaithe ann le beagán laethe, ar chuma, nuair a chuaidh an Taoiseach ag triall air ag tathant i dtaobh ár ngnó-ne air, i n-ionad aon fhreagra a thabhairt air gurab é dhein Bruix ná cromadh ar shúgradh le duine d'á leanbhaí óga. Is é leithscéal anois é ná go bhfuilimíd ag fanúint le cairteanna nó léarscála a caithfar a nighe i ndobhardhatha agus nach mór dhá lá chuige sin. Adhbhar cuibhe chun moille agus ár ngnó san treo 'na bhfuil sé! Tá sé ag dul 'na luighe orm i ndiaidh a chéile gur le beagbhuidhin a ghluaiseocham. B'fhéidir, dar ndóigh, go n-órdóchadh an Taoiseach ar a pheiriacal féin dúinn gluaiseacht ach dob uathbhásach an fhreagarthacht air féin é: mar, dá dtárluigheadh óspairt, bheadh lucht na maraidheachta ar fad san druim air, agus ó n-a bhfeicim de na huaisle sin b'fhearr leo an uile ní a theip ná go mbréagnóchaí a bhfaistine féin; agus, 'na thaobh san de, tá i gcumas dóibh i gcómhnaidhe ár ngnó-ne a chur ar bóiléagair, agus measaim d'á bhrí sin gur ar éigean a raghaidh Hoche chun déine chómh mór san. Is breágh le cách a bheartú féin ach, bíodh san, ní fhéadaim gan bheith 'ghá chásamh gan sinn bailithe linn slán le ceithre longa, féin, do réir mar bheartuigheas; agus ní deacair a mheas nach mar sin a dhéanfaimís fé dheoidh. Is ar atharrach gaoithe anois, gan trácht ar na Sasanaigh, atá leas ár ngnótha-na ag braith. San eadramh go dtí so níl meathlú ar shláinte ná ar mhisneach na dtrúpaí agus ar láthair na huaire táid ar fheabhas agus iad ag rinnce gach tráthnóna ar an leibheann ceathrún. Is truagh ó Dhia gan sinn go léir i nÉirinn, ach cathain san? Trí mhíle déag líon slógha atáimíd ann.

Mí na Nodlag 9, 10, 11.—Do chuas i dtír indé chun mo shlán d'fhágáil le Brest. Do bhog cheithre frigéid linn amach ó'n

nGoulet an tráthnóna san agus tá, mar sin, cómharthaí éigin gluaiste orainn. Do chuas ar maidin ar bórd an *Fraternité* d'fhéachaint an Cholonel Ó Séaghdha agus ba mhór é m'áthas nuair a chonnac Richery san gcianraon ag tarrang ar ród mar a dtáinig chun anncaire gan baoghal uair a chluig 'na dhiaidh sin. Chúig longa líneagair a thug sé leis agus dhá fhrigéad agus gheobham-ne trí cinn díobh san agus fóirne an dá long eile atá le bruinnscríobadh. Comaoin nirt orainn-ne iseadh é nach furus a thábhacht a mheas agus a chuirfidh ar ár gcumas b'fhéidir dul gan beann amach fé dheireadh. Is iongnadh liom mar d'éirigh le Richery agus a scuadrún foraireacht na Sasanach a sheachaint; ní foláir nó is oifigeach sármhaith é, agus táim 'ghá cheapadh dar ndóigh go raghaidh sé 'nár dteannta-na. Tá an Taoiseach le teacht ar bórd indiu agus b'fhéidir, má oireann an aimsir chuige-sin, go gcuirfimís chun siubhail anocht. Go leigidh Dia sin, pé ní thiocfadh as, óir is tuirseach mise de'n tsíorfheitheamh.

Mí na Nodlag 12.—Tháinig an tÉtat Major ar bórd araer; táimíd mórsheisear againn san gcábán mór agus bean i gculaith gharsúin ortha san, bainchéile Chommissaire dárab ainm Ragoneau. Is léir dom go bhfuil líon beagshluaighe de Chommissairí againn atá ag dul go hÉirinn i muinghin saidhbhreas a chnósach. Má shroichimíd slán ann is dóigh liom ná leigfead na huaisle seo thar rinn mo ruisc. De bhrí Richery a theacht chugainn, beidh dhá luing eile, nó a trí féin, de bhreis ar ár gcabhlach, agus 1,700 fear de bhreis ar an sluagh 13,400 atá cheana againn, sin 15,100 agus sin breis agus ár ndóthain do'n ghnó atá ar bun ar an gcoingheall, nach foláir dom a chur i gcómhnaidhe san scéal, sinn do shroichsint gan baoghal go ceann ár gcúrsa.

Mí na Nodlag 13, 14.—Tugadh an cómhartha indiu dúinn bheith ar teannchábla ullamh le cur chun fairrge; tá an ráfla ann go ragham fé sheol ar a 4 a chlog. Is áthasach mise d'á chionn. "*I do agnize a natural and prompt alacrity.*" D'fhiosruigheas mo chara Ó Séaghdha. Tá feabhas air agus tá ar a chumas beagán a scríobhadh. Do chuireas mo bhean agus mo mhuirghin ar ionchaibh a cháirdeasa agus a chomairce i gcás aon bhárthain a bhaint dómh-sa. Do gheall go croidhiúil a dhícheall a dhéanamh ar a son agus níl amhras agam ná go gcóimhlíonfaidh sé a ghealldúint; mar sin tá a bhfuil im chumas-sa déanta agam. Fuaireas radharc ar Richery ar maidin indiu, rud a thaithnigheann liom, mar is maith liom aghaidh daoine fheicsint a thuill clú dhóibh féin.

(*Tráthnóna*). De cheal aon chúram eile bheith orm tá na meamraim díth céille seo d'á scríobhadh agam. Ar an gcéad ásc caithfead a rádh gur mór é cómhacht cuideachtan ban ar ár meon, agus gur soiléir sin gach tráth ar fheabhas ár mbéas de bhrí Madame Ragoneau a bheith 'nár measc; ní hamhlaidh gur aon díoghal urrama í de cheart ach san méid gur bean í, mar ní bean ró bhreágh í agus tá sí gan tallanna, agus (eadrainn féin) bhí sí ar dtúis 'na *fille de joie* i bParis. Ach mar sin féin táimíd go léir go cúramach dúthrachtach ag fónamh di agus tá go dearbh, áthas orm féin go bhfuil sí ar bórd, mar is mó ár ndaonnacht dar liom í bheith farainn.

Thug an Taoiseach Watrin cuaird orainn ar maidin agus banna ceoil a chipe-sin 'na theannta, agus chuas síos go dtí an cábán mór mar a mbíonn cuibhreann na nOifigeach agus mar a raibh an ceol ar siubhal. Do thaithnigh thar barr liom an gliadar a chuir sé ortha, dar liom. Do bhí síleáil an chábáin lán d' armaibh teine i gcómhair an fheachtais, b'iad coinnleoirí bhí ann ná bagnaití sáithte san mbórd, sicéadaí agus boinéadaí *de Police* ar na hoifigigh; cuid aca ag imirt chártaí, cuid aca ag gabháil amhrán leis an gceol, tuille aca ag cómhrádh agus iad uile fé móirmheanmain—deirim arís gur thaithnigh an cúrsa thar barr liom. D'imigh Watrin agus an banna fé dheoidh. Oidhche spéirghealaighe bhí ann agus ba shíreachtach thar barr é binneas an cheoil thar uisce agus é ag lagú uainn do réir mar bhíodar ag druidim i gcéin ó'n luing. Táimíd fós ar anncaire—go holc agus go lánolc.

Mí na Nodlag 15.—Ar a 11 a chlog ar maidin tugadh an cómhartha dhúinn bheith ar teannchábla agus creidim go bhfuil fuadar dáiríribh anois fúinn chun seolta. Tá cómhartha ó'n bpoinnte, leis, dúinn go bhfuil cheithre longa namhad san gcianraon fairrge; aimsir sáraoibhinn atá ann go bhfuil teas is gile ó'n ngréin fé mar bheadh i mí na Bealtaine. "*I hope*," a ndubhairt Lord George Brilliant, "*he may not shine through somebody presently*." Táimíd go léir lán de mheanmain agus tá na saighdiúirí chómh haerach agus dá mb'ar feis rinnce bheidís ag dul. Leis an 15,000 atá againn, nó ba chirte a rádh, 13,975, níor bhaoghal liom ná go mbuaidhfimís ar 30,000 de'n tsaghas a bheidh 'nár gcoinnibh; 'sé sin le rádh, má shroicheam ceann cúrsa. Tá an cómhartha ar foluamhain anois chun gluaiste, agus, pé olc maith é, cuirfar an gnó i ndáil a chríochnaithe, agus a fhios do Dhia gur liom-sa is aoibhinn sin. Tá an ghaoth 'na cóir dhírigh againn. Husá!

Ar a haon do bhogamar chun siubhail agus ghluaisigheamar ó'n

nGoulet amach go dtí n-a trí agus chuamar ar anncaire annsan, do réir órdaithe cómharthaí, i mBágh de Camaret, tar éis tuairim trí léig a chur dinn. Do bhuaidhfeadh ár long-ne, dar liom, ar an gcabhlach uile san tsiubhal; ghabhamar fé sheoladh shocair thar *La Surveillante*,frigéad, agus í fé sheolta uachtair agus ní rug aon rud suas orainn-ne. Táimíd ar acar uathaidh fé láthair agus tá súil agam go mbeam san tsiubhal arís amáireach.

Mí na Nodlag 16.—Ar a dódhéag indiu chuaidh an *Fougueux* i n-achrann ionnainn-ne ach do scaradh sinn gan aon díobháil a dhéanamh d'á chéile. Le linn dúinn bheith chómh cómhgarach d'á chéile agus d'fhéadfaimís, agus béala na ngunnaí móra ag baint le 'chéile, ba róléir dom ná féadfaí choidhche bórdghabháil a dhéanamh ar luing líneagair toisc a fhaid ó chéile bheadh gunnail an dá long.

Ar a dó, tugadh an cómhartha chun gluaiste. Ar leathuair tar éis a dó chuathas fé sheol, an ghaoth 'na cóir fós, ach í lag. Do socruigheadh ár *rôle de combat.* Tá Chasseloup agus Vaudray agus a nAdjointí-sin ar an leibheann íochtair; mé féin agus Simon agus ár gcuid-ne ar an bpríomhleibheann; agus Cherin, dar liom, i dteannta an Chaptaein. Dob fhearr liom féin bheith ar an leibheann ceathrún nó ar an bpupa, mar a bhfeicfinn ní éigin; ach ní dubhart seoid. Tá gach duine againn 'na láinéide airm, hataí lásfheistithe is eile; d'fhonn misneach a chur ar na siaghdiúirí é sin. Creidim go ndéanfaidh ár long-na beartaidheacht fhónta; ach b'fhearr go mór bainistighe dhéanamh ar ghaisce nó go dtéigheam i dtír. Pé scéal é, ní foláir nó socróchaidh cúpla lá nó trí, dar liom, an scéal go léir.

Mí na Nodlag 17.—Do ghabhamar araer tríd an Raz, bealach árddhainséarach anacair, agus chuamar i ngoireacht órdlaigh do bhualadh ar fhochais carraige, a chuirfeadh gach mac máthair riamh againn d'á bháthadh. Ní fhuaireas-sa pioc d'á fhios go maidean agus ní miste liom san. Dubhairt an Captaen Bedout go mb'fhearr leis fé trí arís dul tré na cathanna céadna 'nar gabhadh é ná bealach an Raz a ghabháil uair eile istoidhche. Do réir deallraimh níorbh aon scéal mar mhagadh é; dá mbuailimís do dhéanfaí cláracha dhínn fé chionn ceathrú uaire, mar go ngluaiseann sruth taoide le binib ann ar luas deich míle san uair. Sinn-ne an chéad scuadrún luingeas do ghaibh an Raz riamh, agus go seachnuighid luingeas aonair féin é ach nuair is gábhadh dhóibh. Ba mhór é mo chrádh croidhe agus m'imnidhe ar maidin nuair ná raibh do láthair ach ocht longa déag d'ár mbuidhin i n-ionad 43, ár n-uimhir cheart.

'Sé ár dtuairim, ámh, gur ghaibh an 25 eile tríd an Yroise agus go bhfeicfeam arís iad maidin amáireach ; d'á aindeoin sin is baoghal linn gur cailleadh cuid d'ár gcompánaigh san Raz diabhail sin. Níl againn anois ach fanúint go dtí amáireach.

(*Istoidche*). An lá so caithte gan aon ní a thuitim amach ; an aimsir go measardha, an ghaoth 'na cóir agus ár n-ocht longa déag ag seoladh go maith i gcuibhreann. Tá beirt de na hAimiréil agus an Taoiseach ar an ndream atá amuich ; go leigidh Dia gur chuireadar an Raz díobh slán. Tá an tIarAimiréal Bouvet agus an Taoiseach Grouchy, an ceannfeadhna tánaiste, farainn-ne. Is dóigh liom go bhfuil ionad coinne ceapaithe i gcás go scaipfaí sinn, agus chífeam amáireach mar sin. Táimíd ag cur idir a 5 agus a 6 mhuirmhíle san uair dinn san treo Siar-Óthuaidh láimh Siar.

Mí na Nodlag 18.—Ar a 9 ar maidin tá ceo chómh tiugh san ann ná feicimíd leath faid luinge rómhainn. "*Hazy weather, Master Noah.*" Maisle air, seo sinn, b'fhéidir, i ngoireacht ceathrú mhíle d'ár luingeas fáin gan 'fhios dúinn féin ; is fíor, ar an gcuma gcéadna, go ngeobhaimís thar na Sasanaigh agus mar sin, b'fhéidir, nách mó d'olc atá ann ná de mhaith, agus is mór é m'iontaoibh as ádh na Poblachta. Conus a bheadh, 'na dhiaidh sin is uile, muna mbuailimís le n-ár gcáirde arís. Cad é go gcinnfidh Grouchy agus Bouvet air. Is leor a bhfuil ann dinn chun an iarracht a thabhairt, ach máiseadh caithfeam ár gcúrsa a dhíriú ar Thuaisceart na hÉireann. Dá mb' orm-sa bheadh, phreabfainn láithreach agus, fé mar atá, is deimhin go molfad é dhéanamh, má gheibhim an chaoi.

> "If we are doomed to die, we are enough
> To do our country loss ; and if we rise
> The fewer men the greater share the honour."

Tá an ceo damanta so fós ann gan staonadh.

(*Istoidhche*). Ceo ar feadh an lae is gan radharc ar bith d'ár gcáirde. D'fhiafruigheas de'n Taoiseach Cherin cad a dhéanfaimís dá mba ná fillfidís orainn. Dubhairt sé gur dócha go raghadh an Taoiseach Grouchy 'na cheann ar na trúpaí bhí againn-ne agus tar éis iad d'áireamh do fríth tuairim 6,500 fear ann. Ní gábhadh dhom a rádh gur mholas-sa an chómhairle sin ar mo dhícheall. Tá an Captaen tar éis beairtín d'oscailt 'na bhfuil scéal ar cad a dhéanfadh sé i gcás go scarfaí sinn. Tá órdú ann do cúig lá a thabhairt ar croissheoladh lasmuich de Charn Uí Néid agus i gcionn na haimsire sin Béal na Sionainne a bhaint amach, trí lá eile chaitheamh annsan agus i ndeireadh na tréimhse sin, muna gcastar an cabhlach 'na

threo, nó muna dtagaidh órdaithe eile le frigéad chuige, nach mór do filleadh mar is fearr fhéadfaidh thar n-ais go Brest. Ach caithfeam 'fhéachaint, san gcás, san, an ngeobhadh Bouvet agus Grouchy ortha féin na trúpaí a chur i dtír, taithnigheann go mór liom go bhfuil beartaithe ag Cherin ar an gcómhairle sin d'aindeoin a Aid-de-camp, Fairin, do bheith ag treasnú air. Míomhúinte go leor, mheasas, a chuir súd a fhocal isteach.

Mí na Nodlag 19.—Ar maidin ar a hocht do chonnacthas cómhartha cabhlaigh san gcianraon ; Branlebas Général ; d'éirigheas de gheit agus chóirigheas mé féin agus anois táim ullamh *ou pour les Anglais, ou pour les Anglaises.* Chím tuairim dosaon long ach a fhios do Dhia ciaca cáirde nó naimhde iad. É 'na mharbhchalm críochnaithe i dtreo ná fuil siubhal órdlaigh fúinn fiú le sliossheolta féin anáirde ; ach sinn d'ár luascadh annso fé mar bheadh sail ar uachtar uisce. Is crádh croidhe thar fóir é. Dhá fhrigéad, gur hórduigheadh dóibh dul ag fiosróireacht, níor ghluaisigheadar céad slat i n-uair a chluig, agus a bhfuil de chnafás aca anáirde. Tá sé a naoi a chlog anois ; damnú ifrinn air mar chiúineas, agus é theacht i lár Mí na Nodlag. 'Seadh is gearr a mhairfidh sé. Má's iad ár gcáirde atá san gcabhlach san, is breágh an scéal é ; má's iad na Sasanaigh iad, tagaidís, déanfam-ne ár ndícheall agus ceapaim ná beidh an *Indomptable* ar an long is measa cómhrac ar an scuadrún. An calm so ! an calm so ! nach é an crádh thar fóir é. Ar leathuair tar éis a deich do shnámhamar goirid go leor dóibh chun na cómharthaí sóirt d'aithint agus ba mhóir ar fad é m'áthas nuair a fríth gurbh iad ár gcáirde bhí san gcabhlach anaithnid. Anois mar sin *nous en sommes quittes pour le peur,* mar adeir na Franncaigh. Do chómhairigheas sé longa déag agus frigéad an Aimiréil ortha san agus mar sin tá an Taoiseach ó bhaoghal.

An ghaoth a bhí 'na cóir go dtí so, chuaidh sí timcheall agus, tá sí anois 'nár gcoinnibh ; agus ní beag d'ádhbhar míoshásaimh é sin. Dá mbeadh cóir gaoithe againn bheimís i gCuan Bheanntraighe amáireach. Ar leathuair tar éis a haon leig lugaer glaodh orainn agus d'innis gur cailleadh an *Séduisant*, long cheithre ngunna seachtmhód d'ár gcabhlachne,an chéad oidhche ghluaisigheamar,agus chúig céad go leith fear de leithbhriogád nocha a ceathair, agus asta san gur shaor sí féin triocha is triúr. San mball céadna 'nar óbair dúinn féin 'seadh thárlaidh san.

Ba dhearmhad thuas dom a rádh go raibh an *Fraternité* ar an scuadrún d'fhill orainn ; is í frigéad an Aimiréil Nielly atá ann agus

táimíd gan eolas ar an gceann eile, agus is mór atáimíd go léir fé bhuaireamh d'á dheascaibh sin. Tá an tAimiréal Morard de Galles, an Taoiseach Hoche, an Taoiseach Debelle agus an Colonel Ó Séaghdha ar bórd an *Fraternité* agus níl a fhios ach ag Dia cad is cor dóibh. Tá, leis, an ghaoth fós 'nár gcoinnibh. Conus a bheadh dá mbeireadh na Sasanaigh dhamanta san orainn fé dheoidh, tar éis an t-ádh d'éirghe linn chómh fada so.

Dob é suim ár nirt ar ghluaiseacht ó chuan Bhrest indé ná mar leanas: An *Indomptable*, 80 gunna; an *Nestor*, an *Cassard*, an *Droits de l'Homme*, an *Tourville*, an *Eole*, an *Fougueux*, an *Mucius*, an *Redoubtable*, an *Patriote*, an *Pluton*, an *Constitution*, an *Trajan*, an *Watigny*, an *Pegaze*, an *Révolution* agus an *Séduisant* mí-ádhmharach, 74 gunna an ceann (17 de longa líneagair); *La Cocarde*, *an Bravoure*, an *Immortalité*, an *Bellone*, an *Coquille*, an *Romaine*, an *Siréne*, an *Impatiente*, an *Surveillante*, an *Charente*, an *Resolue*, an *Tartare*, agus an *Fraternité*, frigéidí 36 gunna (13 aca); an *Scevola* agus *Fidéle*, *armés an flutes;* an *Mutine*, an *Renard*, an *Atalante*, an *Voltigeur* agus an *Affronteur*, corbhéidí, agus an *Nicodeme*, an *Justine*, an *Ville d'Orient*, an *Suffren*, an *Experiment* agus an *Alégre*, longa iomluchtaidh agus a n-áireamh san uile—43 longa. Tá díobh san ar iarraidh indiu, ar a trí a chlog, an *Nestor* agus an *Séduisant*, dhá 74, an *Fraternité*, an *Cocarde*, an *Roumaine*, frigéidí; an *Mutine* agus an *Voltigeur*, corbhéidí agus trí long iomluchtaidh eile.

Mí na Nodlag 20.—D'éirigh linn araer scaradh le 'chéile arís, bíodh nárbh olc í an aimsir, ar a hocht a chlog níl ann dinn d'aon bhuidhin ach cúig longa déag, agus salchar gaoithe agus ceoidh ann. Tá míchéadfadh gránna orm agus ní hiongnadh é. Fanfaimíd ag máineáil timcheall annso, i ngoireacht deich léig fhichead do Cheann Cléire, go dtagaidh agus go mbeiridh na Sasanaigh orainn, agus is suairc a bheidh san mar scéal againn. Ach ná bím ag machtnamh air, 's é ábhacht a dheinim dom féin istoidhche, nuair a bhíd uile eile ag imirt chártaí, ná bheith ag spaisteoireacht liom féin san ailléar agus ag gabháil na n-amhrán go dtugadh mo mhúirnín bocht taithneamh dóibh

"The wandering tar, that not for years has prest
The widow'd partner of his day of rest,
On the cold deck, far from her arms remov'd,
Still hums the ditty that his Susan loved."

Anois iseadh bhraithim fírinne na línte áilne sin. Ach fógraim do'n diabhach an brón! Ar a deich, tá cuid mhaith luingeas chun na

gaoithe orainn, cuid d'ár gcaoirigh fáin, is dócha. Is náireach an gnó é scaradh le 'chéile dhá uair i rith cheithre lá agus gan aon droichshíon ann, ach is léir dom nach chun maraidheachta is fearr atá éirim ionnainn. Mairnéalach iseadh an Captaen Bedout, agus sin rud, measaim, nach féidir a chur i leith naoi ndeachúna d'á chómhbhráithre.

Mí na Nodlag 21.—Le buidhiú gréine araer do fríth cómharthaí sóirt ar seacht gcinn de longaibh san gcianraon; các go meidhreach le hionchas gurab iad ár gcomrádaithe iad; stalcadh cailm ann le tosach oidhche; tháinig leoithne fé dheireadh agus seo sinn ar maidin le héirghe lae i ngoireacht cheithre léig do Cheann Cléire, i dtreo is go bhfuil, pé scéal é, mo thír dhúthchais feicithe arís uair eile agam; ach tá an t-aoibhneas san millte thar fóir orm de dheascaibh an Taoisigh a bheith amuich uainn gan teacht fós agus gan faisnéis ar bith againn 'na thaobh. Na longa chonnacamar araer níl a dtuairisc 'na ndiaidh, agus tá các ar mearaidhe. Tá an aimsir go sáraoibhinn agus cóir gaoithe againn agus gach ní d'á n-iarrfaimís ach na comrádaithe atá ar fán. Ar bheith 'ghá scríobhadh so dhom táimíd fé sheoladh shocair i ngoireacht trí léig, ar a mhéid, do'n chósta i slí is go bhfeicim lonntáin fé shneachtadh annso is annsúd ar na sléibhte. Conus a bheadh dá mba ná tiocfadh an Taoiseach i n-aon chor chugainn. Má chaithimíd cúig lá annso, do réir órdaithe, preabfaidh na Sasanaigh orainn, agus sin deireadh leis an ngnó. Cúig longa triochad dinn annso le chéile agus seacht nó ocht gcinn ar fán uainn. An leor de scaipeadh é sin ar ár neart, i bhfianaise na gcúrsaí atá againn, chun bheith 'na chúis chóir dúinn-ne chun déanamh go cruinn do réir órdaithe agus an feachtas do mhilleadh go cinnte d'á dheascaibh sin. Má's lucht misnigh Grouchy agus Bouvet, déanfaid tírghabháil láithreach agus raghaid siad ar ionchaibh buaidhe mar leorchúis chun a dhéanta. Munab eadh agus má thagann deireadh an lae seo gan an Taoiseach do chasadh orainn is eagal liom go bhfuil an cluiche caillte. Níl innsint scéil ar an imnidhe atá orm, agus níl i Cherin, atá 'na cheannfeadhna ar bórd, ach duine suarach nach aon mhaith labhairt leis; ní hamhlaidh ná fuil sé calma a dhóthain, ach fear beagaigne iseadh é. Ní fhéadfaí a shamhlú aon chás chómh ciapaitheach cráidhte lem chás-sa ar láthair na huaire seo, radharc ar mo thír dhúthchais agam, í buailte liom, agus gan aon deimhne agam go gcuirfead cos choidhche arís uirthi.

A naoi a chlog anois ann agus sinn annso ag ionad na coinne;

ghabhamar fé'n gcósta isteach go dtí n-a dódhéag, nuair a bhíomar i ngoireacht urchair púróige do'n talamh ; thúrnálamar ar a dódhéag agus amach arís linn agus mar sin, do réir fírbhrí ár n-órdaithe, seo sinn ag tosnú ar ár gcúig lá de chroissheoladh fuirmeagair, rud a tharraingeochaidh milleadh ar an bhfeachtas agus scrios ar a bhfuil fós ar fagháil de chabhlach na Frainnce, agus gurab iongnadh saoghalta a fheilimeantacht agus a luathtráthacht is a dhéanfar san. D'oscluigheamar Cuan Bheanntraighe isteach agus riamh ó rugadh mé níor ghaibh fraoch feirge greim chómh mór im chroidhe agus a dhein nuair a thugamar cúl arís ar an talamh. Do bhíos ag braith Cherin d'fhéachaint cad a bhí beartaithe ag Grouchy a dhéanamh, ach tharraing sé scéal eile chuige ; 'sé dála *Taata Enos** aige-sin é. Tá Simon ar fad ar aon aigne liom-sa agus an Captaen Bedout chómh maith, ach ní mheádhann san brobh. Ar leathuair tar éis a haon tháinig an *Atalante*, ceann de na corbhéidí bhí ar fán, i raon ár ruisc, i slí go bhfuilimíd arís fé dhóchas go bhfeicfeam an Taoiseach chugainn. Ó! dá mbeadh sé i n-ionad Ghrouchy, moill nóimite ní dhéanfadh sé. Túrnáil gairid 'dá dhéanamh againn ; an ghaoth guairneánach.

Mí na Nodlag 22.—Ar maidin indiu ar a hocht táimíd tagaithe fíorghairid do Chuan Bheanntraighe, ach tá scaipeadh uathbhásach ar an gcabhlach ; níl aon tuairisc ar an bh*Fraternité* ; is dócha gurab é an chéad uair riamh a thárlaidh d'Aimiréal, agus frigéad glan slím agus aimsir chuibheasach agus oidhcheannta spéirgheal-aighe aige, scarúint le n-a chabhlach. Deir an Captaen Grammont, ár gcéad Lieutenant, liom gurab é a thuairim-sin gur gabhtha nó caillte tá sí, agus ba thubaisteach an buille dhúinn-ne aon chrích aca-san a bheith imithe uirthi. Tá brath gach aon scéil ar Ghrouchy anois ; tá cluiche glórmhar ar a láimh, má tá an misneach agus an cumas ann chun a imeartha. Má éirigheann leis mairfidh a chlú go bráth. Ní thaithnigheann scéim an État Major i n-aon chor liom san ngreim seo. Nuair a thráchtaid ar an bhfeachtas is le do-mheanmain mhímhisnigh é agus nuair ná bíd ag trácht air, ní bhíonn aca ach cártaí agus gáirí suilt ; gach duine riamh aca, tá calmacht pearsanta ann, ach ní léir dom aon rian de'n chruadháltacht gnímh ná de'n dearbhintinn daingean ba ghábhadh san gcás so anois orainn. Tháinig dhá shúil dóibh ar maidin nuair adubhart-sa gurab é Grouchy, thar a raibh d'fhearaibh eile san arm, an té ba lugha cúis chun brón a bheith air toisc an Taoiseach a bheith ar iarraidh, agus thagruigheadar do fhreagarthacht agus do dheacraí amhail

* Féach 'Voyages" Chook.

díreach agus dá mbeadh aon iarracht mhór choidhche gan freagarthacht agus deacraí ag gabháil leis. Do bhíos ar lasadh le fíoch, ach d'á aindeoin sin ní dubhart aon ní ná ní abróchad go dtéighead i dtír, má bhíonn sé d'ádh choidhche orm sroichsint ann.

Táimíd ag druidim leis an gCuan go mallchéimeach, an ghaoth 'nár n-aghaidh anoir, mar a bhfuil sí ceangailte le chúig seachtaine. Tá súil againn anocht muna dtuitidh rud éigin ainspianta amach. go ragham ar anncaire i mbéal an Chuain agus bheith ag bogadh, linn isteach ar maidin amáireach ; is uathbhás liom gach moill díobh le míofhoidhne. Táim chómh gairid sin do'n talamh anois gur léir go cruinn dom dhá sheanchaisleán, ach féach mé gan an deimhniú is lugha agam go gcuirfead mo chos i dtír choidhche ann. Deallruigheann an scéal go bhfuil beartaithe ag Bouvet agus Grouchy dul chun cinn ; is tábhachtach an rud an méid sin, pé scéal é.

Dó a chlog, táimíd ag túrnáil ó n-a hocht a chlog ar maidin indiu agus is dearbh liom ná fuil céad slat buaidhte againn ; tá an ghaoth díreach 'nár n-aghaidh, agus scaipeadh fáin ar an gcabhlach, cuid mhaith aca i bhfad fé n-ár léith. Táim tar éis bheith ag scrúdú áireamh ár gcuid arm agus ordnáis agus lón lámhaigh ; tá soláthar fónta againn, tá ann airm do 41,160, fiche píosa d'ordnás páirce agus naoi bpíosa i gcómhair iomdhruidthe, agus mortair agus Houtséirí ortha san ; 61,200 de bharrailí púdair ; 7,000,000 de chartraisí muscaed agus 7,000,000 clochtheine d'éaghmais iliomad de ghréithre ilghnéitheacha eile bhaineann le fearas an armála, ach níl claidhmhte ná piostail againn i gcómhair na marcraidhe ; ach is cuma san, tá suas le trí díormaí hussár ar bórd againn agus ní bhraithfeam uainn na hairm úd.

Tá uaisle an État Major fós i n-umar an duaircis ; braithim Siomon ar an duine is tréine aca agus Fairin, Aid-de-camp Cherin, ar an duine is measa aca ; cuireann sé i gcuimhne dhom David insan " Rivals," "*But I am fighting Bob, and damn it, I won't be afraid.*" Táim fós, le móirdhiscréid, ag seachaint aon ní a rádh ach a bheag, mar is leochailleach an aiste 'na bhfuilim fé láthair ; dá mbeimís aon uair i dtír, agus nithe ag gluaiseacht chun mo thola, níorbh fhada go mbeinn scartha lem laincisí agus, maidir leis sin, b'fhéidir go mb'fhearr dom bheith fara Grouchy ná fara Hoche. Má thugaid pobal na tíre iarracht go misniúil is cuma cia an Taoiseach a bheidh ann agus muna dtugaid ní shaorfadh tallanna Hoche féin sinn, ionnus gurab é an scéal céadna ar deireadh é.

Ar leathuair tar éis a sé scaoileamar anncaire lasmuich d'Oileán Bhéara agus sinn tuairim cheithre léig fós ó'n láthair tírghabhála; mé ag obair i dteannta an Taoisigh Cherin ag scríobhadh agus ag tionntódh garmscoile, ⁊rl., de bhrí go bhfuil ár bpáipéir chlóbhuailte ar fad, agus mo dhá phaimpléid-se ortha, ar bórd ar an bh*Fraternité* agus gur deas an scéal san.

Mí na Nodlag 23.—Tháinig séideán trom gaoithe araer anoir, agus sneachtadh, i dtreo go bhfuil na cnuic fé bhrat bhán ar maidin, agus déanfaidh san aiste grinn d'ár bhfoslongphuirt i dtír. Bíodh a fhios gurab í an áird Thoir go speisialta, thar an aon áird déag ar fhichid eile atá san gcairt iúil, gurab í is measa comhthrom dúinn-ne. D'á dheascaibh sin tá scaipeadh arís orainn an mhaidean so de'n cheathrú uair; tá sé árthach déag, agus naoi nó deich de longaibh líneagair ortha san, ar anncaire annso nár dteannta-na, tá tuairim fiche ceann séidthe chun fairrge; gaoth ó'n dtalamh í go hádh-mharach agus mar sin tá coinne agam ná tiocfaidh aon díobháil as. Níl aon lagú fós ar an anaithe agus í mar is gnáth léi, díreach 'nár n-aghaidh; agus is eagal liom teacht na Sasanach orainn, agus idir so súd, tá imshníomh thar fóir orm. Och! dá mbeimís i dtír aon uair amháin, d'fhéadfadh an saoghal raideadh leis 'na dhiaidh sin; tá atuirse ar mh'anam ó'n leadrán so. Is aisteach le breithniú é an riarú atá ar chúrsaí san tsaoghal fónta so ná fuil a shárú ann. Seo annso sinn sé longa déag, idir bheag is mór, scaipithe síos suas i gcuan sáruaibhreach, agus gan aon dá cheann againn ar aon láthair ach i n-aon áit amháin agus táid chómh goirid d'á chéile annsan, má shéideann an oidhche anocht, dála na hoidhche araer, ná fuil dul as aca ach dul i n-achrann d'á chéile, 'sé sin muna dtugaidh ceann aca fé'n talamh isteach. Seo sinn san dí-eagar so, súil againn leis na Sasanaigh gach tráth agus gan aon bheart d'á dhéanamh againn i leith ár gcosanta, fiú gnáthfhoraireacht frigéide i mbéal an chuain chun a dteacht súd d'fhógairt; do réir gach deallraimh is lugha baoghal annso orainn ná i gcuan Bhrest. Nuair bhíomar annsúd bhíodh cheithre coirbhéidí ar foraire lasmuich de'n *ghoulet*, de bhreis ar na stáisiúin cómharthaidheachta i dtír. Tá orm a admháil gur rud an neambaoghal so atá thar teorainn mo thuigseana-sa.

Tá an lá imithe gan radharc d'fhagháil ar aon luing, cara ná namha. Tá lagú beag san ngaoith ach í fós 'nár n-aghaidh. Tar éis áireamh a dhéanamh anocht i dteannta Waudré, État Major an Ordnáis, ar a bhfuil againn, ba léir dom luigheadú chómh mór

san ar ár ngléas fearais, tré uireasbhaidh na long atá ar bóiléagair, gur ar éigean is dóigh liom is féidir aon iarracht a thabhairt annso go mbeadh aon deallramh áigh air; d'á bhrí sin bheireas liom Cherin go dtí seomra an Chaptaein agus d'innseas gan cheilt do mo thuairim de'n aiste 'na rabhamar dáiríribh. Gur tuigeadh dom gurbh é ár ndualgas é, ó ba léir dúinn ná raibh ar ár gcumas an príomhchuspóir a shroichsint—gan ár gcáirde go léir d'fhilleadh orainn amáireach agus na Sasanaigh do thabhairt aga ár ndóthain dúinn, rud nár dhóigh—go bhféachfaimís cad ab fhearr ab fhéidir a dhéanamh ar mhaithe le hoineach agus le tairbhe na Poblachta leis an neart slógha a bhí fós ar fagháil againn; agus chuireas fé 'na bhrághaid an Legion des Francs a thabhairt dómh-sa, complacht de'n Artillerie Légère agus pé méid oifigeach go mb'fhonn leo teacht d'á ndeoin féin ar an bhfeachtas, agus an méid arm agus stór cogaidh atá fós againn, agus ná fuil díobh san anois ann de dheascaibh ár scaipithe ach ceithre píosa d'ordnás páirce, 20,000 arm teine ar a mhéid, 1,000 púnt de phúdar, agus 3,000,000 cartraisí; sinn a chur i dtír i gCuan Shligigh agus leigean dúinn bheith ag brúghadh rómhainn; dá n-éirigheadh linn go mb'fhearrde clú agus tairbhe na Poblachta é, agus dá dteipeadh orainn nárbh fhiú áireamh a mbeadh caillte leis, óir bhí an costas déanta cheana féin, agus maidir leis an Legion gurbh eol do féin an cinéal díbheirgeach gur díobh é agus cad chuige é agus d'á bhrí sin, le droichchríoch féin a dhul ortha, nár mhiste an Phoblacht bheith scartha leo; mar chríochnú scéil, dubhart gurbh é cúis gur iarras bheith i gceannas ná mé d'á thuigsint ná cuirfeadh aoinne de na Taoisigh a cháil i bhfiúntar le gnó chómh danardha san, agus dá mbeadh duine eile le fagháil, go mbeinn-se sásta dul im óglach gan údarás ann.

Dob 'in é suim mo thairgseana agus bhaineas feidhm as gach argóint d'á dtáinig im aigne d'á thathant air, agus dubhart i ndeireadh báire, maidir le coigcríochach i seirbhís na Frainnce, go rabhas ar aiste leochailleach, agus dá mba ná beadh ionnam ach gnáth-oifigeach go bhfanfainn im thost agus go ndéanfainn órdaithe mo chinnfeadhna; ach, toisc an bhaint a bhí le hÉirinn agam agus go raibh d' iontaoibh ag an Árdchómhairle asam go dtugadar céim Chef de Brigade dom, agus méid iontaoibh Hoche d'ainmnigh im Thaoiseach Conganta mé, gur thuigeas gurbh é mo dhualgas, ar mhaithe leis an bhFrainnc agus le hÉirinn, labhairt ar an ócáid seo agus go rabhas ag cur mo thairgseana fé n-a mbrághaid mar *pis aller* muna mbeadh a mhalairt le moladh. Dob é freagradh

Cherin go ndearna go ceart agus mo thuairim a chur i n-úil, agus ó bhí coinne aige go mbeadh suidhe cómhairle chogaidh amáireach ann go mbéarfadh sé mise leis agus go bhfaghainn caoi ar mo chómhairle d'áiteamh ortha. D'fhágamar an scéal mar sin, agus maidin amáireach chífeam a thuille muna mbainidh na Sasanaigh preab áthais asainn le héirghe lae, agus nach dóiche rud ná é.

Táim chómh goirid do'n tráigh anois go bhféadfainn nach mór mo lámh a bhualadh ar dhá thaobh Chuan Bheanntraighe dem dheis agus dem chlé ; ach ní fios ach do Dhia an gcuirfead cos choidhche arís ar thalamh na hÉireann.

Tá ní amháin gurab iongnadh liom é agus 'sé é ná a luighead atá corrbhuais orm ar fheicsint an chósta dhom. Do cheapas go ngoillfeadh sé thar fóir orm, ach féach gur mar a chéile liom é nó cósta an tSeapáin ; ach mar sin féin ní lúgha é mo ghrádh dom thír gan mé bheith lán de thocht maoithneachais 'na taobh. Rud eile, táimíd annso le trí lá i gCuan Bheanntraighe ; muna dtéigheam i dtír láithreach baileochaidh an namhaid barraidheacht nirt agus b'fhéidir go mbainfaí díoghal ár mbuaidhe i Quiberon dinn. I ngnó de'n chinéal atá ar láimh againn-ne bíonn leas an ghnótha go léir ag braith ar luaitheacht agus ar dhánacht ár ngníomhartha tionnscnaimh, agus seo sinn-ne annso, mo chreach le luadh é ! agus leadrán is róthruagh déanta againn. Is crádh croidhe é ach ní leor d'fhocal é sin air ; d'fhéadfainn m'fheoil a stracadh le racht uilc agus míchéadfaidh ach ní fearrde an gnó san, agus mar sin tá lainncis i gcoitchinne lem theangain, agus mé ag múchadh mo dhoilbhis mar is fearr fhéadaim. Sinn a theacht chómh goirid so dho agus teip annsan, má's teip a dhéanfam ! Agus tá cúl tugtha le gach dóchas ag cách d'á bhfuil ar bórd.

Mí na Nodlag 24.—Tá an État Major go léir tionntaithe go míorbhailteach an mhaidean so agus do socruigheadh d'aontadh lánchómhairle go raghadh an Taoiseach Cherin, an Colonel Waudré, Chef d'État Major an Ordnáis, agus mé féin ar bórd an *Immortalité* agus go n-áiteochaimís, chómh láidir agus dob fhéidir, dul chun cinn leis an bhfeachtas le blogha fuigheallaigh ár n-armála bhí scaipithe. D'á réir sin de dheineamar cómhartha chun an Aimiréil fé thuairim dul ag cainnt leis. D'fhonn a cheart a thabhairt do Ghrouchy caithfead a rádh nach túisce labhramar ar thaobh dul chun cinn leis ná mar chinn sé go daingean ar chómhairle dho féin agus, mar ba dhual d'fhear misnigh, chrom sé láithreach ar an *ordre de bataille* a cheapadh agus chríochnuigheamar láithreach é.

Níl thar 6,500 fear againn, ach saighdiúirí promhtha iseadh iad a ghaibh tré chath, agus tá mórdhóchas agam, tar éis an tsaoghail, go gcuirfeam ár ngnó go hoirdhearc chun deighchríche. Is dána an iarracht é agus is éagcoitchionn. Le linn dúinn bheith ag ceapadh an córú catha níor shos dúinn ach ag déanamh grinn d'ár n-uireasbhaidh córach do'n ghnó, agus measaim i gcúrsaí a leithéide gurbh í cómhairle chogaidh í ba shomheanmnaighe d'á raibh riamh ar siubhal; ach "*Des Chevaliers français tel est le caractère.*" Ní raibh Grouchy, an Taoiseach ceannais, riamh i dtaoibh le sluagh chómh beag ó bhí 'na Thaoiseach Conganta; tá Waudré, Lieutenant Colonel, i gceannas an Ordnáis, agus is arrachtach an plód san is go bhfuil ann píosa a hocht amháin, píosa a ceathair amháin, agus dhá houitséir sé n-órdlach; nuair a bhí 'na Chaptaen ní bhíodh choidhche gan deich ngunna fé na cheannas; ach ar bheith anois go fíor 'na Thaoiseach Ordnáis is rogha leis dul ar mhachaire an chómhraic le cheithre gunna! Is calma an duine é agus do thairg sé dom araer dul liom-sa i gceannas a chomplachta, dá mba go dtoileochadh Grouchy leis an dtairgsint a dheineas do Cherin. Ar gach saghas cuma is *unique* go léir an iarracht í. Níl fiú aon ghiní amháin againn, níl fiú an pubal againn, níl fiú an capall againn a tharraingeochadh ár gceithre píosa ordnáis; de shiubhal a chos a raghaidh an tÁrdtaoiseach ceannais ar an slógadh; fágfam ár gcuid bagáiste 'nár ndiaidh; níl againn ach na hairm 'nár lámha, na balcaisí ar ár gcnámha agus ár gcuid deighmhisnigh, ach cá beag san. D'aindeoin na gcúinsí n-éagcoitchionn san, ná fuairtheas dar liom le chéile ar scáth aon fheachtais chómh mór leis seo go bhfuil beartaithe againn-ne tabhairt fé, táimíd chómh haerach le fuiseoga lá gréine. Ní fheaca-sa meon na bhFranncach d'á léiriú riamh chómh cruthanta ná mar deineadh le linn gnó na maidne seo. 'Seadh, creidim go bhfuilimíd chun dul i dtír ar deireadh thiar; tá fhios ag Dia go bhfuil cíocras orm chuige. Ach tá an ghaoth dhamanta so anoir ag séideach gan taise agus bíodh go bhfuilimíd fé shiubhal le trí nó ceathair d'uaire a chluig, agus sinn tar éis trí chéad dar liom de bhórda a thabhairt, ní léir dom shúile-se go bhfuil céad slat buaidhte ar líne dhíreach againn. Do bhéarfadh uair go leith de chóir gaoithe suas isteach sinn, agus b'fhéidir go mbainfidh sé dhá lá fós dinn. Mallacht is míle air.

Thug luamhaire a casadh orm i luing an Aimiréil fios dom go bhfuil mo chara Hutchins 'na chómhnaidhe i ngoireacht dhá mhíle do Bheanntraighe agus é ag baile fé láthair, agus mar sin b'fhéidir go

bhfeicfinn amáireach é ; ní fheadar cad é an sórt teagmhála bheidh eadrainn. An uair cheana chonnac é, duine ceart fónta b'eadh é, ach nach mó san athrú thiocfadh le fiche mí ! Pé scéal é beidh iarracht d'iongnadh air, measaim, mise fheicsint fé chóta gorm agus cnota náisiúnta ar mo hata.

Ar a sé, scaoileamar an t-anncaire tar éis caoga slat, d'eagla scailéithin a rádh, ar a luighead a bhuadhchaint. Is iongantaighe fós ár luas siubhail nuair a áirmhightar nach mór de bhreis ar ocht n-uaire 'chluig atá caithte againn ar an méid sin achair a chur dínn, agus fós go bhfuil leoithne fionnuar cumhra anoir ann, scéal is fíoraoibhinn. Seadh, ní fhanann tráigh ná tráth le fear moille. Ní miste dhom a rádh, dála na n-óid Probhthóireachta, "*ar uairbh séideann agus ar uairibh néann sé sioc, díreach mar is áil leis.*" 'Seadh, séideadh sé leis, 's an diabhal do ! Ní hiongnadh liom anocht Xerxes ag lascadh an uisce,mar braithim fuadar d'á leithéid fúm féin chun gníomh éigin réasúin mar é a dhéanamh.

Ag tagairt arís do'n fheachtas so againn, d'á ghéire machtnuighim air iseadh is mó is greann liom é ; a ndubhairt Johnson : "*The negative catalogue of our means is extremely copious.*" Farais an méid atá luaidhte cheana agam níl capaill againn dár marcraidh. Husá ! 'sé mo thuairim gur sinn-ne anocht an 6,000 diúlach is neimhimnidhighe san Eoraip uile, mar tá cách fé mheanmain gan teora ar bruach gnótha a bhéarfadh ar a lán bheith stuamdha. Ní raibh oiread gradama riamh do Fhranncaigh agam agus tá anocht, agus ní mór go gcreidim i dtaobh liairní na mBoulevard, agus na saighdiúirí a chím im thimcheall annso, gur de'n leithmheall domhanda céadna iad. D'fhonn breith le cóir a thabhairt ar Fhranncaigh, nó, pé scéal é, d'fhonn an taobh is geal d'á meon a bhreithniú ní go Paris ba cheart duit dul d'á bhféachaint, ach san longphort airm. Is ins na slóighte airm atá an Phoblacht ar fagháil.

Tá mo namhaid, an ghaoth anois ar a hocht a chlog ag dul i dtláithe beagán dar le duine agus, b'fhéidir, mar sin go sroichfimís Beanntraighe amáireach. Tá cheithre lá fachta anois ag an namhaid chun teacht ó'n scannradh agus chun ullmhú'nár gcómhair. Is miste an scéal é, ach is cuma liom-sa san. Tá beartaithe dul de sciúird go Corcaigh ins na feilimintí diail, agus nuair a sroichfeam slán ann fanfam lá nó dhó chun scíthe ann, agus chun breithnithe mágcuaird. Tuairim chúig míle is dachad atá idir Bheanntraighe is Corcaigh agus d'aindeoin ár ndíchill bainfidh san trí lá dhín

agus beidh orainn, is dóigh, dul i ngráscar catha ar an slí dhúinn ann; ach measaim go mbeimís iniúil d'aon tiomargadh nirt d'fhéadfaí a thabhairt 'nár gcoinnibh ar rabhadh seachtaine. Ní sinn dream is slachtmhaire fé éadach d'fheara na hEorpa. Measaim go bhfeaca Captaen ar na Gárdaí i bPálás San Séamais nár lugha a chuid ná a bhfuil uile ag leithbhriogáid againn-ne. *"There's not a rag of feather in our army, good argument, I hope we will not fly."* Apropos do'n aithfhriotal san. Níl aon teora le n-a fheabhas agus a dhein an scríbhneoir úd Shakespeare, nár sáruigheadh, léiriú ar mheon na bhFranncach san dráma úd leis, *Henry V*. Caoga uair anocht do buaileadh im aigne é, ach bíodh san, is ródhócha ná feacaidh súd le n-a mharthainn oifigeach de'n Fhrainnc.

'Seadh, is cruaidh an lá oibre dheineas indiu gan trácht ar mo chuaird bádóireachta ar bórd luinge an Aimiréil i n-aghaidh gaoithe is taoide tré fhairrge shuaithte. Do scríobhas agus dheineas cóibeanna de chúig leitir déag, gan na meamraim seo d'áireamh; ní holc san d'aon ló. Measaim go stadfad annso. Níl ach rud amháin eile agam; gheobhainn orm a rádh ná fuil Grenadúir amháin san gCompagnie Bloom ná déanfaidh codladh anocht 'na amóig ar a sháimhe níos fearr ná Árdeaspog Bhaile Átha Cliath ar a leabaidh chlúimh. Déarfainn gur mó duine galánta atá go fuasaoideach de chionn ár dteacht-na, ach is maith an scéalaidhe air sin an aimsir.

Mí na Nodlag 25.—Is éagsúil an meascán na meamraim seo· Uaireannta bhím ins na stártha le háthas agus ar uairibh bím díreach chómh hainspianta le droichmhisneach, do réir an deallraimh a bhíonn ar ár ngnó. Do bhíos i n-árddhóchas araer go raghaimís i dtír indiu, ach do dúisigheadh leis an ngaoith mé ar a dó a chlog ar maidin. D'éirigheas go deifreach, chasas mo chóta mór im thimcheall agus thugas uair a chluig ag siubhal an ailéara agus smaointe duaircis duibh am chreimeadh. Níl lagadh ar an ngaoith ach 'nár n-aghaidh ionnus nach féidir, ar aon chaoi, bogadh suas chun ionad na tírghabhála, agus níl fhios ach ag Dia cathain a thiocfaidh a atharrach. 'Sé buac an tSasanaigh an ghaoth chéadna, d'á bhreith chugainn, agus caoi ó'n moill mhór-chrádha so aige chun a chuid nirt ar fad a bhailiú chun an bhaill seo agus b'fhéidir (agus is truagh gur dóiche ná b'fhéidir é) le barraidheacht fear agus marcraidhe agus ordnáis agus airgid agus lóin, le barraidheacht de gach ní dá bhfuil i n-easnamh orainn-ne, go gclaoidheadh sé sinn-ne, cnir i gcás féin go bhféadfaimí dul i dtír

ar deireadh thiar, agus ar an am gcéadna go ngeobhthaí an cabhlach i sás ná scaoilfaí. Dá n-éirigheadh linn dul i dtír an chéad lá, agus dul ar slógadh cruinn go Corcaigh, níor bhaoghal dúinn gan é ghabháil de *coup de main ;* bheadh annsan ár gcos i ngreim san tír againn, ach anois má gabhtar sinn is dochraideach an íde imeochaidh orm-sa, b'é crích ab fhearr go mbeadh coinne agam leis ná lámhach *emigré rentré* a dhéanamh orm, muna mbí sé d'ádh orm mé mharbhú san ngleic ; mar, go dearbhtha deimhin, má ghabhann an namhaid sinn, is de thoradh cómhraic é. B'fhéidir go gcoimeádfaí chun trialach mé d'fhonn uathbhás a chur i gcroidhe dhaoine eile, agus má's sin é é crochfar le tréas mé agus scaoilfar m'ionathar, ⁊rl. Maidir lem ionathar a scaoileadh, "*Je m'en fiche*," má chrochaid choidhche me, deinidís mo dhí-ionathrú agus fáilte. Dóchas suairc na smaointe sin. Níl mo sheasamh ar aon ní saoghalta anois ach mé 'ghá thuigsint gur gnó cóir ceart atá ar siubhal agam. Maidir lem mhuinntir, le hiarracht danardha, táim tar éis gach cion aiceanta a mhúchadh i dtreo nach scim dom iad i dtráth na huaire seo. Ar an lá so indiu ar a 12 tá anfadh gaoithe ann, í anoir fós ; agus is i gcúnsaí ár gceapaithe atáimíd gan aon agó, óir is deimhin é beagnach go dtiocfaidh indiu, nó amáireach le héirghe lae, an cabhlach Sasanach go béal an chuain, agus slán annsan le gach ní.

Ar bheith dhúinn ar an aiste danardha san chuireas fé bhrághaid Cherin sinn a ghluaiseacht romhainn le suim ár nirt, an tSiona suas a chur dinn, na trúpaí a chur i dtír, dul de ruaig go Luimnigh atá, b'fhéidir, gan chosaint uirthi toisc an garastún a bheith ar an slí, is maith an dóigh, chun teacht 'nár n-aghaidh-ne annso ; dul thar abhainn i Luimnigh agus de shlógadh deithinis annsan anTuaisceart a bhaint amach. Do chuireas san go mionchruinn ar pháipéar, a chuirfead i dtaisce, agus thaispeánas é do'n Chaptaen Bedout agus do na Taoisigh uile bhí ar bórd, Cherin Simon, agus Chasseloup. Do bhíodar uile ar aon aontadh i dtaobh feabhas an bheartúcháin sin ach tar éis cinneadh air níorbh fhéidir dúinn é chur i n-úil do'n Taoiseach agus do'n Aimiréal atá ar an *Immortalité* dhá léig nach mór chun tosaigh orainn, agus tá an ghaoth chómh cóchúil tréan, agus an fhairrge chómh suaithte sin, ná mairfeadh aon bhád ann, i dtreo ná fuil fagháil ar thuairisc a chur, agus maidin amáireach, is maith an dóigh, beidh sé ró dhéannach ; agus sin é b'fhéidir, íde an fheachtais seo agus saoirse na hÉireann ag braith ar chaingean dh'á shórt san. Ní fhéadaim a thuigsint cad a bheir do'n dá cheann-feadhna uachtair bheith ar naisc le chéile san bhfrigéad céadna.

Dar ndóigh, is ar bórd na bratluinge ba cheart dóibh bheith. Ach ní hí sin an t-aon mhí-ádh a thárlaidh d'á dheascaibh sin. Dá bhfanadh Hoche fé mar ba cheart do ar bórd an *Indomptable* fara n-a État Major féin, ní imeochadh an fán fada air, agus ní bheadh sé gabhtha ag Sasanaigh, rud is dóigh d'imigh air ; ná ní bheadh na deacraí so orainn-ne le fulang fé láthair, agus go méadóchaidh an lá amáireach, is dóigh, thar fóir ar fad orainn iad. Ach cá tairbhe bheith ag ceisneamh ? Dob é príomhbhotún tosaigh a dheineamar ná gluaiseacht deireannach ó Chuan Chamaret agus gurbh éigean dúinn d'á dheascaibh sin an Raz a ghabháil istoidhche, go dtáinig d'á chionn cailliúint na *Séduisant*, scaipeadh an chabhlaigh, gabháil an Taoisigh, agus, thar gach ní eile meilt ar aimsir d'á dheascaibh sin ná bhfaghthar a aiseag go bráth. Dob é an dara botún againn ná lá ar fad a mheilt ag croissheoladh lasmuich de'n chuan nuair ba cheart dúinn gabháil isteach agus dul i dtír, lán chúig long triochad againn, beart d'fhágfadh gach ní i gceart agus seo anois againn an tríú botún ár dTaoiseach Áirdcheannais a bheith scartha ó'n État Major i dtreo nach féidir dóibh labhairt le 'chéile ar aon chaoi. Is duairc thar fóir mo dhóchas ar an uair seo. Ní léir dom rómham, gan míorbhailt d'á dhéanamh dúinn, ach luainscrios ar an bhfeachtas, agus daoirse ar mo thír, agus milleadh orm féin. 'Seadh, má's tuitim atá i ndán dom gheobhad díol ann chómh daor agus d'fhéadfadh gleacaidhe aonair a bhaint amach Sin é m'aigne socair, máiseadh. Is suairc an Nodlaig dom indiu é.

Mí na Nodlag 26.—Araer, ar leathuair tar éis a sé agus anfadh de ghaoith anoir ann do baineadh geit asainn nuair d'imigh frigéad an Aimiréil de sciúird fé n-ár gceathrúin agus thug glaodh órdaithe do'n *Indomptable* ár gcabla a ghearradh is cur chun fairrge láithreach. D'imigh an frigéad annsan léi agus d'fhág sinn-ne fé mhearbhall iongantais. B'é 'chéad tómhas a dheineamar air ná gur frigéad leis an namhaid í a bhí i bhfolach i dtóin na báighe agus a dhein áis de'n stoirm agus de'n dorchadas chun dul ar éalódh uainn agus gurbh fhonn léi ár scuadrún-na do scaipeadh leis an gcleas san ; mar ní hinchreidte mar scéal é go ndéanfadh aon Aimiréal scaoileadh is teicheadh ar an gcuma san gan cómhartha d'á luighead roimh ré thabharfadh rabhadh do'n chabhlach, agus go mb' é an chéad fhógradh gheobhaimís ar an rud a bhí 'na intinn ná é do ghlaodh ar an gcuma ainspianta san orainn agus órdaithe dianghroda gan choinne mar sin a thabhairt dúinn. Tar éis dul i gcómhairle gearr-aga le n-a chuid oifigeach (de dheascaibh na

stoirme agus na doircheachta, agus fós go raibh dhá anncaire amuich againn agus gan d'á n-iongnais againn ach ceann amháin eile i gcabhail na luinge thíos), bheartuigh an Captaen Bedout ar fhanúint go maidean amáireach, pé scéal é, d'fhonn fios d'fhagháil arbh é an tAimiréal dáiríribh a leig an glaodh orainn.

Tá an mhaidean anois tagaithe, an séideán fós ann agus an ceo chómh tiugh san ann ná faghaimís féachaint faid luinge ós ár gcómhair; agus sin é annso sinn fé éideimhne agus imnidhe mhóir. Ní dóiche rud ná go bhfuilimíd anois gan Aimiréal gan Taoiseach; má's amhlaidh atá, 'sé Cherin a bheidh i gceannas na saighdiúirí agus Bedout i gceannas an chabhlaigh, ach, pé scéal é, tá deireadh leis an bhfeachtas. Is dearbh go raibh dán an mhí-áidh ar ár dtí ó'n gcéad oidhche ghluaisigheamar go dtí an uair seo anois ann. Do chailleamar dhá thaoiseach áirdcheannais; níl againn duine d'ár gceathrar Aimiréal; chailleamar go bhfios dúinn long amháin líneagair agus b'fhéidir a lán eile aca nach eol dúinn fós 'na dtaobh; táimíd le sé lá anois i gCuan Bheanntraighe; i ngoireacht cúig céad slat do'n talamh, is gan ar ár gcumas dul i dtír; scaipeadh sinn cheithre huaire i rith cheithre lá agus, san tráth so anois ann, níl againn ach cheithre cinn déag, beag is mór, de'n trí long is dachad a bhí le chéile againn i dtúis feachtais. Níl ag teastáil anois ach na Sasanaigh do bhualadh linn chun sinn a scrios go cóimhiomlán, agus má's do réir mar bhí go dtí so a bheidh feasta, is áirithe ná raghaidh an méid sin féin uainn. Níl de dhóchas againn anois ach Brest a bhaint amach go saor slán arís agus is dóigh go mbainfeam chun seoil chun na háite sin chómh luath is bheidh an uain oiriúnach chuige. Admhuighim gur léir dom féin anois ná fuil feidhm ar bith leis an bhfeachtas feasta. Tá seacht lá fachta ag an namhaid chun bheith ullamh dúinn agus trí nó, b'fhéidir, cheithre lá eile sula bhféadaimís Corcaigh a shroichsint; agus tá ár neart lagaithe go ró mhór anois chun aon ádh a bheith i ndán do'n iarracht.

Tá, mar sin deireadh le gach ní! Scéal docht é, tar éis brúghadh rómham go dtí so, go mbeidh orm cúladh arís, ach is é mo dhán é agus caithfead géilleadh. Bíodh go ndearnamar mórchuid botún isé an t-anfadh uathbhásach agus an ghaoth anoir, atá ag séideadh gan sos gan staonadh ó shroicheamar Cuan Bheanntraighe, do mhill sinn. 'Seadh, ní raibh oiread baoghail riamh ar Shasana ó aimsir Armada na Spáineach, agus is í an drochuain a mhill an feachtas san, leis, d'ár ndála féin; tá na dúilí féin 'nár gcoinnibh agus ní

tairbhe ar bith calmacht fé láthair. 'Seadh, ná bím feasta ag machtnamh air, tá súd caillte agus bíodh aige! Franncach anois mé agus caithfead mo gnóthaí a riar feasta d'á réir sin. Tá súil agam ná cuirfidh an Árdchómhairle ar díofhostadh mé de dheascaibh an mhísheolta tubaiste seo. Scéal é go dearbhtha deimhnitheach ná fuil milleán ar bith agam-sa le cur im leith féin ann; agus ó's mar sin atá beidh mo dhóthain agam chun maireachtaint mar dhéanfadh fear tuaithe. Má chuireann Dia an Uilechómhacht chugam fé mhaise searc mo chroidhe agus mo bháibíní caithis, ceannóchad lonntán beag nó tógfad ar cíos é agus tabharfad druim láimhe feasta go deo leis an saoghal. Ní bheidh oirdhearcas ná clú ná cómhacht agam, ach beidh an sonas orm, b'fhéidir. A fhios do Dhia an mbainfead an Fhrainnc go deo amach slán, agus má's mar sin é cad imeochaidh ar mo mhuirear bhocht? Is uathmhar liom cuimhneamh air. Och a chumann mh'anma! a bháibíní caithis liom, an bhfeicfead arís go deo sibh? Tá an ghaoth dhamanta so ag séideadh gan sos agus anois ó tá an cluiche ar fad caillte tá oiread deifreach orm ag filleadh ar an bhFrainnc agus a bhí orm ag teacht go hÉirinn.

Mí na Nodlag 27.—Cuid mhaith iarrachtaí indé do tharraing an *Indomptable* agus roinnt eile long na hanncairí d'á ngreim agus is le duadh a sheasuigheadar i n-aghaidh an anfaidh. Ar a dó d'fhoillsigh an *Revolution*, árthach seachtmhó is a ceathair, cómhartha ná féadfadh a greim a chongbháil a thuille agus le cead an Chommodóra, atá anois i gceannas an scuadrúin bhig, ghearr sí a haonchábla agus do ghluais chun fairrge. I rith na hoidhche b'éigean do'n *Phatriote* agus do'n *Phluton*, 74 gunna an ceann, cur chun fairrge agus an *Nicomede*, *flute*, chómh maith ionnus go bhfuilimíd ar maidin indiu i dtaoibh le seacht longa lineagair agus frigéad aonair.

Ar a deich a chlog dhein an Commodóir an cómhartha chun gluaiste Do mhoilligh ceann de sna longa é sin mar bhain sé uair a chluig di réidhteach a dhéanamh. San uair a chluig sin chuamar i ndáil chómhairle chogaidh. Siad a bhí ann ná na Taoisigh Cherin agus Harty agus Humbert a tháinig ó n-a longaibh féin 'na chómhair; na Taoisigh Chonganta Simon, Chasseloup, agus mé féin; an Lieutenant Colonel Waudré, ceannasaidhe an ordnáis, agus Favory, Captaen Innealthóirí, mar aon leis an gCommodóir Bedout a fuair cuireadh bheith do láthair; an Taoiseach Harty dob uachtarán ó b'é b'oifigeach sinnsir ann.

Ar bhreithniú dhúinn go rabhamar anois i dtaoibh le 4,168 fear, le dhá ghunna ceatharphúntach, le 1,500,000 de chartraisí agus 500 de phúntaibh púdair mar lón lámhaigh—gur dúthaigh fhiain bharbardha thar fóir í seo i n-aice linn gan fagháil ar lón ná ar chapaill ann, go raibh go mórmór rabhadh seachtaine fachta ag an namhaid, agus trí lá farais sin a bhainfeadh sé dhínn dul go Corcaigh cuir i gcás ná bainfaí stad féin asainn, a thabharfadh aga a dhóthain do chun neart go leor a bhailiú chun ár n-arm beag-na do chlaoidhe; thairis sin fós gurbh í an chúige seo an t-aon chúige i nÉirinn nár léir aon fhonn chun éirithe amach uirthi; gurab í seo áit is sia ó bhaile ó'n dream atá ullamh chun éirithe; agus ar deireadh thiar go raibh an Captaen Bedout tar éis a innsint cad iad na hórdaithe bhí aige féin chun dul chómh fada ó thuaidh leis an tSionainn agus trí lá a chaitheamh ag croissheoladh annsan; nuair a breithnigheadh an méid sin do cinneadh, d'aon aontadh, Cuan Bheanntraighe a thréigean láithreach agus dul go Béal Sionann le hionchas go mbuailfimís arís le cuid d'ár gcáirde fáin agus nuair a shroichimís ann go gcinnfimís, do réir na gcórach a bheadh ar ár gcumas, cad é an bheart a dhéanfaí linn.

Is móide é mo shásamh leis an socrú san de bhri gurab ionann é agus an rud a bhí san bpáipéar a léigheas féin do'n Taoiseach Cherin agus do'n chuid eile arbhú indé. Tá an ghaoth fé dheireadh imithe ó dheas agus tá an cómhartha anáirde mar seo bheith ag bogadh chun siubhail. Ar leathuair tar éis a ceathair ó bhí gach deallramh go mbeadh anfadh i gcómhair na hoichdhe ann do scaoil trí árthach aca faobhar ar na cáblaí agus d'imigheadar chun fairrge. Tar éis do'n *Indomptable* anncaire amháin léi a tharrang le mórdhuadh b'éigean dúinn fé dheireadh cábla an chinn eile a ghearradh agus cur dinn mar ab fhearr ab fhéidir dúinn as an mbágh amach agus an chuid eile d'ár scuadrún nár ndiaidh aniar, deich gcinn de luingeas, seacht longa líneagair orthasan, frigéad amháin agus dhá choirbhéid nó lugaer.

Mí na Nodlag 28.—Do bhí scríb anfaidh thar fóir araer ann. Ar a haon ar maidin bhuail tonn fairrge an long san gceathrúin gur réab an t-ailléar ceathrún roimhis isteach agus ceann d'fhuinneoga soillse an chábáin mhóir go raibh trí troighthe d'uisce láithreach annsan. Do stracadh amóga uile na n-oifigeach d'á lúdracha agus iad féin agus a gcuid trunnc ag imeacht san tsnámh ar fuaid an chábáin. Maidir liom-sa ní rabhas ach im chodladh nuair a mhúscail an turraing mé agus níor thuigeas ar dtúis fáth na círéibe; ach ar

chlos dom an t-uisce d'á shuathadh san gcábán fúm thíos agus cúpla oifigeach nó trí ag éirghe aníos 'na léine agus iad chómh fliuch is dá mba ó íochtar na fairrge aníos d'éireochaidís, do bheartuigheas láithreach gurbh amhlaidh a bhí an long buailte agus an fhairrge 'ghá líonadh, agus go raghadh sí fé chois láithreach. Ní luaithe an splannc ná mire an aigne i láthair bhagartha baoghail mar siúd, agus ní féidir cur síos ar iliomad na smaointe d'imigh 'na síog nimhe trém aigne-se ar an nóimeat. Ó ba léir ná beadh aon éifeacht bheith ag cuimhneamh ar thárrtháil m'anma, cheapas mo chómhairle láithreach agus luigheas im amóig agus coinne gach tráth agam dul go tóin puill; ach ba ghairid go bhfuaireas faothamh le teacht Baudin, duine de na hoifigigh, a mhínigh dúinn cad a thárlaidh. Ní maoidheamh dom a rádh go raibh lánsmacht agam orm féin le linn na gearrthréimhse uathbháis a chaitheas ar an aiste sin, agus ní mó d'eagla bhí orm ná bhí ar chách im thimcheall. Do ghéilleas do'n chinniúint a bhí im chómhair agus ná raibh dul uaidh mheasas, agus d'fhulaingeochainn an bás mar a dhéanfadh fear. Láithreach tar éis an bhuille sin do bhog an ghaoth agus le héirghe lae, tar éis bheith ag cur naoi muirmhílte san uair dínn fé jib aonair le linn an anfaidh, shroicheamar ionad na coinne tar éis scarúint le trí longa líneagair agus leis an bhfrigéad. Sin é an séú scaipeadh orainn. Tháinig an *Choquille*, frigéad, chugainn i rith an lae. Do chaitheamar an lá, ag druidim le tráigh agus thar n-ais, gan aon chuid d'ár gcompánaigh a bhí amuich uainn a theacht.

Mí na Nodlag 29.—Ar a ceathair ar maidin dhein an Commodóir an cómhartha chun díriú ar an bhFrainnc ; sin, máiseadh, deireadh le n-ár bhfeachtas do'n iarracht so ; agus go deo, b'fhéidir. Thugas an lá indé ar fad im amóig, le breoiteacht fhairrge cuid de agus le míchéadfadh an chuid ba mhó dhe. Ar a deich do ghabhamar brig mí-ádhmharach ar a slí ó Lisbon go Corcaigh le hualach salainn, agus chuireamar go tóin puill í.

Mí na Nodlag 30, 31.—Ar an slí go Brest dúinn. Is furus a mheas nach mór é m'fhonn chun meamraim a scríobhadh. Seo é againn lá deiridh na bliana 1796, lá ionchómhartha i stair mo bheathadh-sa.

Eanàr 1, 1797.—Ar a hocht indiu bhuaileamar Inis Ushant agus ar a dódhéag d'oscail an *Goulet* rómhainn. Seacht gcinn de luingeas ag teacht dúinn : an *Indomptable* 80 gunna, an *Watigny*, an *Cassard*, an *Eole*, 74 ; an *Choquille*, 36 ; an *Atalante*, 20 ; agus an *Vautour*, lugaer, 14. D'fhágamar Brest líon 43 long agus de'n líneagar 17 díobh san. Is iongnadh croidhe liom ná feacamar oiread

agus long amháin chogaidh le Sasana ag dul ná ag teacht dúinn. Is áirithe nach ar fónamh a dheineadar a ngnó is ná tánadar rómhainn, ach b'fhéidir go bhfuil cuid d'ár luingeas fáin gabhtha aca. 'Seadh inneosaidh an tráthnóna so an scéal agus gheobham tuairisc anois cad d'imigh ar ár gceathrar Aimiréal agus ar ár dhá dTaoiseach Áirdcheannais.

XXVIII

I bPARIS ARÍS TAR ÉIS AN FHEACHTAIS

1797—EANÁR 1 GO DTÍ AIBREÁN 6.

Ar ais go Paris. Cóimhcheilg i n-aghaidh Ghrouchy. Mrs. Tone agus a líontighe tagaithe go Hamburgh. Pósadh deirféar Tone. Trácht ar fheachtas eile a dhul go hÉirinn. Imnidhe ar Tone i dtaobh sláinte a mhná. Dhá leitir chun a mhná. Hoche i gceannas airm Shambre et Meuse. Tone do dhul ar an arm céadna. Nuacht agus ráflaí ó Éirinn. Bualadh le Thomas Paine. Tagairt d'Éamonn de Búrc. Gluaiseacht go dtí Cologne. Tagairt do na bailte, ⁊rl., ar an slí.

Eanár 1 go 31.—Mí ó'n lá so go díreach iseadh scríobhas an líne deiridh d'aon mheamram. Is furus a thuigsint nár mhór é m'fhonn chuige, agus le fírinne is róbheag a bhí agam le rádh. Ar fhilleadh go Brest dúinn, tar éis lae nó dhó, do cuireadh cóimhcheilg bheag ar siubhal i n-aghaidh an Taoisigh Grouchy d'fhonn baint ó thairbhe a sheirbhíse, agus d'á dheascaibh sin bheartuigh sé ar mise a chur go Paris le n-a chuid tuairiscí do'n Árdchómhairle agus do'n Aire Chogaidh. Do cuireadh Simon mar aon liom san ngnó; agus chuir Cherin, a bhí 'na cheann ar an gcóimhcheilg, Fairin, leis, uaidh. D'iarr Grouchy orm a innsint go comhthrom cóir do'n Rialtas mo thuairim d'á iomchur féin le linn dúinn bheith i gCuan Bheanntraighe, agus níor bheag é m'áthas-sa an iontaoibh sin aige asam. Do ghluaiseamar istoidhche an 5adh lá d'Eanár, agus shroicheamar Paris gan óspairt an dara lá déag. Do chuamar láithreach chun an Aire Chogaidh agus thugamar ár gcuid leitreacha dho; ní fhuaireamar ach nóimeat 'na theannta; chuamar as san go dtí an Árdchómhairle, mar ar cuireadh i n-aithne sinn agus mar a ndearnadh cainnt breis agus leathuair a chluig linn, agus lucht na cómhairle ar fad do láthair. Do bhí mar thuairim aca an lá san go raibh Hoche dulta i dtír leis an méid de'n arm a chuaidh ar scaradh lasmuich de Chuan Bheanntraighe, agus d'á dheascaibh sin bhí coinne le hórdú láithreach againn casadh ar Bhrest.

Ó'n Árdchómhairle chuas ag triall ar Dhoulcet, duine de'n Conseil des 500, dearthái céile do Ghrouchy. Do bhí leitreacha

agam do-san agus do Mhadame Grouchy ó'n Taoiseach. Thug Doulcet cuireadh dínnéir dom agus chaitheas dinnéar, d'á réir sin, fé mórshuairceas. Bean síreachtach iseadh Madame Doulcet agus is aoibhinn í chun cómhrádha. Lá ar n-a mháireach do chuir Doulcet i n-aithne mé do Lacuée de'n Chonseil des Anciens, agus príomhchara do Charnot.

Níor leigeas le faillighe é gan iarracht ar a cheart de mholadh thabhairt ar dhúthracht agus ar mhisneach Ghrouchy, agus tá súil agam go ndearna é. Ar a ceathair chuas chun dinnéir fara'n Aire Chogaidh agus ar a hocht, do réir coinne, chun an Luxembourg mar a dtárlaidh agallamh eadram féin agus Carnot is Lacuée ar feadh breis is ceathrú uaire ar thuras Mhic Shíthigh go hÉirinn. Do bhíos ag iarraidh a thoradh coitchionn san a chur 'na luighe ar Charnot. Do chuireas síos do, leis, chómh láidir agus d'fhéadas, ar an meas a bhí agam ar Ghrouchy ; i dtreo go bhfuil mo dhualgas do-san cóimhlíonta agam san méid sin.

D'imigh roinnt mhaith laethe mar sin, ag sírfheitheamh le scéala ar an Taoiseach go dtí ar deireadh, ar an 15adh lá, gur shroich sé Lá Rochelle ar an *Révolution*, 74 ; is gur chuir san deireadh lem dhóchas-sa go ndéanfaí aon iarracht eile, go fóill pé scéal é. Timcheall an 21adh lá do shroich an Taoiseach Paris agus fuaireas scéal áthais ó n-a Aid-de-camp, Poitou, go raibh mo chara Mr. Ó Séaghdha slán agus an tsláinte go cuibheasach aige. Do chiap an gúta thar fóir é ionnus nár fhág an leabaidh i rith an iomraimh míosa san ach turas amháin ar feadh ceathrú uaire. An mhaidean tar éis a chasta fuaireas caoi cúig nóimeataí i dteannta an Taoisigh. D'fháiltigh sé rómham go séimh, agus dhein ceistiú ar leith orm i dtaobh turais Mhic Shíthigh. Thugas scéala cruinn do agus ar a fhoráileamh féin thugas gearrthuairisc scríobhtha dho 'na thaobh maidin lae ar n-a mháireach. D'fhiafruigh díom cad a thug go Paris mé. Dubhart gur chuir an Taoiseach Grouchy ann mé le n-a thuaras-gabhála agus go rabhas ag feitheamh le hathórdaithe. Cheithre lá nó cúig 'na dhiaidh sin do hainmnigheadh an Taoiseach le bheith i gceannas airm Shambre et Meuse, agus dhein san scéal socair de chrích ár bhfeachtas-na. Sin é mise annsan ag déanamh mo mharana ar m'aiste féin is aiste mo líntighe, agus gur rómhithid dom labhairt ortha-san.

Ar fhilleadh dhom go Paris fuaireas leitir ag Tigh Mhadgett ó'm mhnaoi, do scríobhadh i Hamburgh, d'á chur i n-úil gur shroich sí annsúd slán tuairim an 20adh lá de Mhí na Nodlag agus mo

dheirfiúr agus na leanbhaí léi, agus gur chinn mo dheartháir ar chur fé i nAmerica. An tocht áthais a chuir scéal a teacht-san orm, do baineadh díom é leis an drochthuairisc a thug sí dhom i dtaobh a sláinte agus do cuireadh buairt thar fóir orm 'na ionad. Do scríobhas láithreach chuici fanúint i Hamburgh go bhfaghadh a mhalairt de scéal uaim, agus gan taidhreamh ar í féin, toisc a droch-shláinte, ná ár mbáibíní beaga caithis, a leathadh ar thuras ó Hamburgh an tráth doininne geimhridh seo, agus gur tré dhúthaigh fhiain a bhí an chuid ba mhó de'n bhóthar ag gabháil, agus gan cóir eile chun taistil ann ach trucaill béaloscailte.

Tá scéal i leitir mo mhná i dtaobh mo dheirféar. Ba ghnaoi le duine a tháinig anall ar aon luing leo, ceannaidhe óg de'n Eilbhéis atá ag tosnú an tsaoghail, gan aon mhaoin aige, nó é i dtaoibh le beagán, ba ghnaoi leis tuitim i ngrádh léi; d'á dheascaibh sin tháinig, ar an iomchur céadna a thug leitir mo mhná chugam, leitir uaidh-sin ag léiriú a threo agus a chúrsaí féin dom, méid a ghrádha dom dheirfír agus a grádh san do, agus ag iarraidh mo cheada-sa san scéal. Do bhí iarracht de mheon oscailte, macánta san leitir a thug orm bheith ar deaghthuairim 'na thaobh féin, agus fós ní gheobhainn orm teacht idir ise agus an sonas, rud a bhí go daingean i gceist do réir tuairisc mo mhná. Do scríobhas, d'á bhrí sin, ag tabhairt mo láincheada do'n phósadh, agus tá súil le Dia agam nára lugha é a gcuid sonais ná mar ghuidhfinn-se dhóibh. Níl aon amhras ná gur gníomh fiúntair é agam-sa ar son duine nach aithnid dom; ach ó tá cion a croidhe aici air agus aige-sin uirthi, agus ó's eol do a haiste, agus ná dearnaidh ceilt ná maoidheamh 'na thuairisc air féin, tá muinghin agam go n-éireochaidh leo. Pé scéal é is le hintinn maitheasa a dheineas é agus le feabhas mo bhreithiúntais do réir mar ab eol dom cúrsaí. Cuirfidh siad fútha, dar liom, i Hamburgh; máiseadh sin duine eile d'ár líontighe ar fán. Is deimhin liom dá mbeadh cúig ceathrúna ar an meall domhanda go bhfaghthaí duine againn-ne ar lonntán éigin ar an gcúigiú ceann.

Ag druidim le deireadh na míosa fuaireas leitir eile óm mhnaoi fé'n dáta Mí na Nodlag 27, agus aguisín léi óm Mharia bhig féin. Sin é an chéad líne d'á scríbhinn d'á bhfeaca riamh. Do bhain sé na deora óm shúile. Buidheachas le Dia go bhfuil feabhas beag ar shláinte mo mhíle grádh, mar bhí duairceas ar mo chroidhe ó fuaireas an chéad leitir. Tá súil agam, ámh, go mbeidh mo leitir-se i dtráth aici, agus an dara ceann a sheolas chuici trí lá 'na diaidh chun í chosc ó Hamburgh d'fhágaint.

Ach ag tagairt dom chúrsaí féin. Ar an 30adh lá scríobhas go dtí an Taoiseach Hoche i dtaobh aiste mo threo láithrigh d'á athchuinghe air cead d'iarraidh ar an Rialtas dom chun éirghe as an seirbhís, gan mo phágh ná mo phribhléidí a chailliúnt agus le n-a linn sin do thairgigheas, ar aon tráth feasta nuair ab oiriúnt dóibh mé, go bhfillfinn ar mo phost. An tráthnóna céadna san fuaireas nóta ó'n Taoiseach d'á rádh go mba mhaith leis go dtiocfainn chuige go luath maidin lae ar n-a mháireach agus, d'á bhrí sin, indiu, an 31adh d'Eanár chuas go dtí *hôtel* an Aire Chogaidh, mar a bhfuil cómhnaidhe air, ar a 8 a chlog. Nuair a chuas chun a Aid-de-camp, Poitou, atá i mbun cóimhfhreagarthais aige, thaispeáin Poitou mo leitir féin dom. Do bhí nóta ar a imeall a scríobh an Taoiseach féin :

"*Faire une copie pour être addresée au Directoire, avec la démande de sa conservation, motivée sur l'utilité dont il peut etre ; lui faire une réponse flatteuse et lui tégmoigner ma satisfaction de sa conduit.*"

Níl aon ní is fearr a thaithneochadh liom féin, dar deimhin. Do thaispeáin Poitou dhom, leis, fé dhiscréid, cóib de'n leitir a scríobh an Taoiseach chun na hÁrdchómhairle im fhábhar agus is mórmholtach láidir na bréithre atá innti. Tá mar sin muinghin agam go n-éireochaidh lem iarratas.

D'imigheas ó Phoitou go dtí seomra an Taoisigh agus fáiltiú carad a fuaireas uaidh agus ba mhóide mo shonndas air sin toisc gurab é a nós le n-a chuid oifigeach i gcoitchinne bheith go tur fuar leo. D'innis sé dhom go raibh leitir scríobhtha chun na hÁrdchómhairle aige agus go mb'fhearr dom féin í bhreith do dtí an Taoiseach Dupont, an té dheineann gnó an Taoisigh Ó Cléirigh, nuair a bhíonn súd amuich go mbéarfadh Dupont i láthair na hÁrdchómhairle mé, d'á bhrí sin, agus go raidh coinne aige go socróchaí an gnó chun mo shásaimh.

Do ghabhas mo bhuidheachas leis agus san gcainnt dom thagruigheas do theacht mo mhná is mo chlainne go Hamburgh agus go rabhas ar intinn dul ann chun iad a bhreith liom do'n Fhrainnc. Tháinig smaoineamh do'n Taoiseach nuair luadhas Hamburgh agus d'fhiafruigh arís, an rabhas chun dul ann. Dubhart gurbh é sin m'intinn nuair a shocróchainn an gnó go raibh sé féin chómh fial san 'ghá chur chun cinn dom. 'Seadh, máiseadh, ar sé, b'fhéidir go bhfaghaimís gnó dhuit le déanamh ann, tá duine ann go mb' fhéidir go raghthá chuige. Dubhart-sa leis, pé aca annsúd é nó i n-aon áit eile, go bhféadfainn-se áis a dhéanamh dom dhúthaigh féin agus do'n Phoblacht, go mbeinn ullamh chun dul ann ar

fógradh uair a chluig. Dubhart fós, nuair d'iarras mo dhíofhostadh go fóill, go rabhas 'ghá athchuinghe air, dá dtéightaí i mbun ár ngnó-na arís, ar aon tsaghas cuma, go rabhas chómh hullamh chómh fonnmhar bheith páirteach ann agus bhíos riamh, agus nach lugha ná muinghin a bhí agam go mbeadh sé de ghradam agam a bheith fós arís ar fostadh fé. " Níl an gnó," ar sé, " ach ar fionnraighe. Is eol duit ár gcruadhtan i dtaobh airgid ; ní mór roinnt mhaith aimsire chun an cabhlach a dheisiú agus chun an t-ullmhúchán atá riachtanach a dhéanamh, agus ar an am gcéadna tá 15,000 fear theas annsúd díomhaoin, agus le fírinne, níl 'nár gcumas iad a chothú ann. Tá beartaithe ag an Árdchómhairle idir dhá linn,feidhm chun maitheasa a bhaint asta i n-áit eile agus táim-se curtha ar fostadh aca ; " ach do dheimhnigh sé dhom a luaithe cuirfaí chun ár ngnó-na arís go mbead-sa ar an gcéad *patrouille* a raghaidh ar bórd. Do chuireas i n-úil do mar thaithnigh an deimhniú scéil sin liom ; agus tar éis cómhrádh leathuair a chluig, 'nar taispeánadh dom é bheith chómh díoghraiseach daingean is bhí riamh san ngnó, cheileabhras do; agus gheobhad amáireach mo leitir chun na hÁrdchómhairle.

Do chuir an cómhrádh san le Hoche misneach ionnam chun tosnú arís leis na meamraim seo ; mar, dar deimhin, tá m'aigne fé throma-dhúire riamh ó thána i dtír i mBrest tar éis ár bhfeachtais mhí-ádhmhair. B'fhéidir nár thréig Dia ar fad fós sinn. Maidir liom-sa, níl mo mhisneach-sa, pé ar bith saghas é, maolaithe aon phioc, bíodh go bhfeicim do réir ailt i bpáipéir Shasana go raibh coinne aca le breith ar an luing go rabhas-sa ar a bórd, agus d'á mbeiridís do ghealladar go fial go ndéanfaí cúram cóir díom. Téighidís i n-ainm na tubaiste, agus *"I do not value their chariot of a rush."* Tá buaidhte ag Buonaparte ar na hOstraigh de'n chúigiú huair is dachad san slógadh so ; do mairbh 7,000 agus do ghaibh 20,000. Táim 'ghá luadhadh so toisc, b'fhéidir, gurab é thiocfadh as ná síothcháin leis an Impire, agus dá dtagadh ní bheadh annsan againn ach dul i ndlúithghleic le Sasana ; agus b'fhéidir ná fuil deireadh againn fós léi.

Chómh luath agus socróchar mo ghnó-sa annso imeochad go Hamburgh agus bhéarfad liom mo mhúirnín dílis céile agus ár leanbhaí beaga, agus is dóigh liom go ndéanfad láthair lonnaithe ag Nanterre i gcómhgar mo charad, Mr. Ó Séaghdha, d'fhonn bheith ar comhthrom chun scéal a chur go dtí an Taoiseach Ó Cléirigh nuair a fhillfidh ; ní fios b'fhéidir ná go bhféadfainn beagán mioscaise dhéanamh fós. Is deallramhach ar an uair seo mé le fear ag

dúiseacht tar éis brionglóide fada uathbháis. Cia hí i n-ainm Dé an leannán so liom go bhfuilim ag dul d'á féachaint go Hamburgh? Braithim arís an seanfhuadar ag borradh ionnam. Chífeam.

Leitir chun Mrs. Tone.

PARIS, *Eanár* 13, 1797.

A MHÚIRNÍN CHROIDHE: Ar an nóimeat so díreach iseadh fuaireas do leitir agus chuir sí meascán áthais agus bróin orm ná féadfainn a innsint. Buidheachas le Dia tú theacht slán go dtí san, agus ár mbáibíní caithis id theannta! Ní leigfead im chluasa ná ní chreidfead ná go bhfuil do shláinte ar fheabhas an domhain; ach, san am gcéadna, táim 'ghá athchuinghe ort, má's maith leat im bheathaidh mise, aire thar barr a thabhairt duit féin: mar is maith is eol duit, dá n-imigheadh aon ní ort ná mairfinn-se id dhiaidh, agus cad d'imeochadh annsan ar na daoine beaga?

Ach innsim ar dtúis duit im thaobh féin. Ar maidin indiu féin iseadh shroicheas Paris, ó Bhrest. An Taoiseach atá i gceannas an armála a ceapadh d'Éirinn i n-ionad Hoche, nár fhill fós, a chuir uaidh mé chun scéal a bhreith go dtí an Árdchómhairle Riaracháin. Táim fé láthair im Thaoiseach Conganta agus dóthain mo chothaithe d'fhagháltas agam; agus ar theacht na síothchána, tógfam bothán agus garrdha ar chíos agus ní fearr sonas ag aon Impire ná againn-ne feasta ar mo leathphágh-sa; ar an am gcéadna ní gan dóchas atáim leis an Rialtas annso do dhéanamh ruda níos fearr ná san dom; ach péaca san é ní foláir duit-se bheith ar bharr na sláinte. Cia crúidh-fidh na ba ná dhéanfaidh an chuigeann muna mbír-se go láidir? Go dearbh, a mhúirnín chroidhe, ní fhéadaim scríobhadh le cruinneas ó tá do shláinte-se i gceist; tosnuighim arís air.

An séú lá déag de'n mhí seo caithte ghluaisigheamar ó Bhrest agus seacht longa déag líneagair againn d'éaghmais frigéidí, ⁊rl.—trí longa is dachad ar fad agus 15,000 saighdiúirí agus freastal 45,000 d'airm ar bórd, fara ordnás, ⁊rl. D'Éirinn a ceapadh sinn, ach ní fhuair aon chabhlach mí-ádhmharach riamh a leithéid d'fhadhbáil stoirme agus anaithe; fé dheoidh b'éigean do'n roinn cabhlaigh go rabhas-sa ar bórd ann, casadh thar n-ais go Brest, an dara lá de'n mhí seo, tar éis bheith ocht lá i gcuan Bheanntraighe, láimh le Corcaigh, gan bheith i gcumas fear a chur i dtír. Thugamar thar n-ais tuairim 5,000 fear, agus ó tá an Taoiseach gan casadh fós táimíd fé mhórdhóchas go ndeaghaidh sé i dtír leis an 10,000 eile, agus má's amhlaidh atá saorfam gach ní. Idir dhá

linn táim-se annso ag feitheamh le hórdaithe an Rialtas. Má deintar athghluaiseacht ar an bhfeachtas, fillfead-sa, dar ndóigh, go Brest, muna ndeintar fanfad i bParis led theacht-sa ann. Tuairisc reatha ar mo ghnóthaí iseadh é seo ach tá aon cheann déag de leabhair bheaga dialann agam duit. Níl eile le rádh agam ach go bhfuilim ar fheabhas na sláinte, agus bheinn fé mhisneach, leis, muna mbeadh an dá líne gan truagh san agat ag tagairt duit féin.

Labhraimís anois ar an ngnó so agat-sa, gnó Mháire. Tabharfad mo thuairim duit i n-aon fhocal amháin le n-a rádh go bhfágaim gach ní fúithi féin ; níl aon cheart agam-sa, agus dá mbeadh féin, níl aon fhonn orm an cosc is lugha a chur ar a toil sin ; tá sásamh, dar ndóigh, orm le hionchas í bheith curtha i gcrích, agus iarraim uirthi gabháil lem ghuidhe dhúthrachtach imnidheach go mbeadh sí fé shonas feasta. D'á bhrí sin, pé beag mór riachtanais atá lem chead-sa táim 'ghá thabhairt uaim go lántoiltheanach, agus táim ag scríobhadh d'á réir sin chun Monsieur Giauque leis an bpost céadna a bhéarfaidh í seo chugat-sa. Nuair a bítar tar éis cinneadh ar ghnó mar í seo, ní léir dom gur tairbhe bheith 'ghá mhoilliú, agus mar sin is dóigh liom gur fearr iad a phósadh i Hamburgh ; ach tá súil agam go mbeidh sé de chineáltas i Monsieur Giaugue tusa a thionnlacan go slán isteach san bhFrainnc, nuair thiocfaidh tráth de'n bhliain a oirfidh duit-se chun taistil : mar ná luaidh liom go mbeitheá ad leathadh féin ná ár leanbhaí san séasúr scéirdiúil seo anois ann. Go deimhin féin b'fhearr duit ar aon chuma fanúint i Hamburgh, nó i sráidbhaile éigin san gcómharsanacht, do réir mar is fearr oirfidh dod shláinte agus dod ghustal, nó go mbíonn socrú ar mo ghnóthaí-se annso ; an costas céadna bheidh annsúd nó san bhFrainnc ort agus ní bheir ag dul i n-aon bhaoghal. Beidh a fhios go luath agam an leanfar d'ár ngnó-ne nó ná leanfar ; má deintar beidh orm-sa dar ndóigh mo chion a dhéanamh, caithfead filleadh ar mo phost ; muna ndeintar, raghad féin dod iarraidh-se go Hamburgh; ach, pé scéal é, iarraim agus athchuinghim ort gan corruighe nó go leigidh an aimsir duit gluaiseacht gan máchail dod shláinte, agus tá súil agam, de bharr phósta Mhonsieur Giaugue agus Mháire, go gcaithfir do sheal ann, go ceann gearrthréimhse, go háiseach agus go taithneamhach.

Casfad ar mo scéal féin ; táir 'ghá iarraidh orm rud éigin suairc a scríobhadh, agus, d'á bhrí sin, deirim leat, an chéad rud ná a chéile go bhfuil cionn m'anma agam ort féin agus na báibíní ; agus an dara rud go bhfuil págh agus fagháltas agam i gcómhgar do ocht

*mfle livre san mbliain. Íoctar an ceathrú cuid de sin i n-airgead nó ór agus an chuid eile i bpáipéar; i dtreo go bhfaghaim anois cheithre púint ochtmhoghad airgid, agus nuair a bheifar ag íoc ar fad linn i n-airgead, rud a dhéanfar lá breágh éigin, beidh págh tuairim trí chéad go leith san mbliain d'airgead agam; ach cuir i gcás ná beadh ann ach cheithre púint ochtmhoghad d'airgead san mbliain, tógfad tigh beag agus roinnt bheag d'arcaí talmhan i ngoireacht beagán mílte de Pharis, d'fhonn bheith ar an bhfód, agus chífir, leis an gceithre púint ochtmhoghad san, agus cúpla bó agus muc agus roinnt chearc, an bhféadfam bheith fé shonas. Sin é rath is measa fhéadfaidh a bheith orainn; ach má éirigheann leis an bhfeachtas so againn, rud nach eol dom fós ach go gcuirfidh beagán laethe anois i n-úil ní foláir, cuimhnigh cad í mar athrú a chuirfidh san ar ár ngnóthaí, agus fiú dá n-imigheadh aon ní orm-sa, beir-se agus na báibíní fé chúram an náisiúin; mar sin táim 'ghá iarraidh ort gan leigean d'aon ghruaim gabháil lastuas díot. Is é cheapaim do phósadh Mháire ná gur rud ádhmharach é má's fear deaghchlú suaircmheanman an t-óigfhear, agus ód thuairisc-se ceapaim gur mar sin atá aige; óir, maidir le saidhbhreas, is maith is eol duit-se is dómh-sa, ó'n taithighe fuaireamar, a luighead spleádchais tá aag an sonas leis an saidhbhreas.

Nuair a innsim duit go dtugas trí seachtaine dom shuathadh fé anfadh fairrge, agus an seacht lá so caithte agam i gcóiste gan codladh ar éigean, ní hiongnadh leat feasta a neamhchruinne atá an leitir seo, ach ní foláir dom scríobhadh i dtráth do'n phost. Fé dháta ó Hamburgh *gan aon tseoladh eile* a tháinig do leitir-se, ach táim ag cur mo chinn-se ar bhealach go sroichfidh sí thú, tá súil agam. Seolfad feasta chugat iad go dtí Oifig an Phuist, mar a gcaithfir Monsieur Giauque a chur d'iarraidh leitreacha uaim-se. Scríobhfad arís chugat ar an dara post 'na dhiaidh so mar tá coinne agam go mbeidh nuacht éigin agam duit fé'n am san, mar seo nó mar siúd. Seol an freagradh go dtí *Le Citoyen Smith, Petite Rue St. Roch, Poissonière, No. 7, à Paris.* Deirim arís leat mhisneach a bheith ort; bíodh deimhne agat, muna n-órduightar chun siubhail mé ar an ngnó is eol duit, go raghad, mé féin, agus go dtiubhrad liom ó Hamburgh thú, agus ó ná leigfidh an drochuain duit corruighe go ceann tamaillín, ní haon mhilleadh ar aimsir é. Mo ghrádh le díoghrais do Mháire, agus do na daoine beaga. Dia mór an Uilechómhacht ad bheannachadh, mar is mór é mo ghrádh dhuit.

Mise go bráth agat, J. SMITH.

Tugadh Monsieur Giauque a sheoladh féin, agus do sheoladh-sa, do'n duine uasal a thabharfaidh í seo dhuit i gcás go mba ghábhadh dhom leitir a chur an bealach céadna arís.

PETITE RUE ST. ROCH, POISSONIÈRE, NO. 7,
PARIS, *Eanár*, 17, 1797.

A MHÚIRNÍN CHROIDHE: Do scríobhas chugat an 13adh lá de'n mhí seo an lá dhom tar éis teacht ó Bhrest le leitreacha ó'n Taoiseach go dtí an Directoire. Do bhí an oiread san buairimh aigne orm (mar atá fós) i dtaobh do mhíoshláinte-se gur ar éigean is eol dom cad a scríobhas, agus ní dóigh liom go mbeidh aon chomaoin cruinnis ar an leitir seo ach 'oiread. Ag tosnú dhom leis an rud is mó is suim liom, do shláinte-se, táim 'ghá iarraidh go dian ort gan aon iarracht a thabhairt fé theacht do'n Fhrainnc go bhfaghair an t-athórdú uaim-se. Ní dócha gur gábhadh dhom a rádh go bhfuil an oiread míofhoidhne orm-sa barróg a bhreith ort féin agus ar na daoine beaga agus is eol dom a bheith ort-sa chun mise d'fheicsint arís; ach ní fhéadfainn a cheadú dhuit tabhairt fé thuras mar sin san uain uathbhásaigh seo nuair ná fuil aon áiseanna chun taistil le fagháil, agus do shláinte go leochaileach agus triúr leanbh agat ná féadfadh fulang leis an tnáthadh ná leis an bhfuacht. Dob áil liom go bhfaghthá láithreach ionad lóistín, ar an gcuma is saoráidighe fhéadfair, duit féin is na báibíní, agus an aimsir a chur thart mar is fearr fhéadfair go tosach Aibreáin. Beidh cabhair le fagháil agat, ní foláir, ó Mhons. Giauque. Do scríobhas chuige sin i ndrochFhrainncis tubaiste ar an bpost so deireannach. Ceapaim go bhfaghthá ionad chómh maith, agus é abhfad níos saoire, i gcuid de na sráidbhailte i ngoireacht beagán léig do Hamburgh, ná mar bheadh san gcathair féin; ach socróchair duit féin é. Dob é b'fhearr liom gur i sráidbhaile a bheitheá muna mbeadh aon chúis eile ach aer glan a bheith agat agus leamhnacht a bheith id chómhgar, rud atáim a iarraidh ort a bheith 'na phríomhadhbhar bidh agat. Is fearr a bheidh na leanbhaí, leis. Beidh deireadh le hionbhaidh an anaithe um thosach Aibreáin agus ceapaim gur é rud is fearr duit a dhéanamh ná teacht ar luing éigin Duitsigh, nó ar luing neodrúil éigin eile, go Havre de Grace. Is saoire go mór mar sin é, go mórmór má tá bagáiste agat, agus gur cómhgar mór é, agus, rud is fearr liom ná san, is lugha bheir féin agus na leanbhaí tnáithte 'na dhiaidh ná bheadh sibh tar éis míle de thuras thar tír. Táim ghá rádh so leat ar n-a thuigsint dom go mbead *ar seirbhís*

fé'n am san ; ach ní heol dom fós aon ní 'na thaobh san ; muna mbím, ní luaithe tuigfar dom go bhféadfad an t-arm a thréigean gan col onóra, ná go ngluaiseochad láithreach go Hamburgh chun tú bhreith liom do'n Fhrainnc. San leitir deiridh chugat scríobhas trí focail ar chrích deiridh an fheachtais. Ní heol dómh-sa cad é go gcinnfidh an Rialtas annso air, ach pé scéal é, ní mór ná gur deimhin liom go bhfaghad órdaithe i gcionn a trí nó a ceathair de laethe chun casadh ar an gcinncheathrúin i mBrest agus b'fhéidir go mbeadh tamall ann 'na dhiaidh sin sula mbeadh a fhios againn an ndéanfar aon bheart eile san ngnó nó aon iarracht chuige ; agus mar sin is léir duit, le fanúint i Hamburgh ní bheidh aon ní caillte agat : mar dá mbeitheá san bhFrainnc féin, ní fhéadfaimís bheith le 'cheile go ceann tamaill ; agus cómhchostas a bheidh ann. Má bhraithim ná gluaiseochar ar an bhfeachtas, iarrfad cead saoire láithreach agus raghad chugat. Mar sin táim 'ghá rádh arís leat gan cuimhneamh ar tú féin ná na leanbhaí a chur i mbaoghal agus fé mhórthuirse an turasa an tráth so 'bhliain : cuimhnigh air dá mbuailtaí breoite sa tslí thú. *Ar son do dhílse dhom* ná corruigh go bhfaghair scéal eile uaim, agus idir dhá linn áirimh mo mhío-fhoidhne-se a bheith chómh dian led mhíofhoidhne féin, agus ní beag san.

Maidir led chúrsaí airgid níl le rádh agam ach :

> " When both house and land is spent,
> Then learning is most excellent."

D'iarras ar Mhac Rághnaill, im leitir ór d'fhagháil mar mhalairt ar do chuid stoc agus gan baint le billí ionmhalairte, agus chítar dom ná tug sé áird ar bith ar m'iarratas, *for which his own gods damn him !* Ní thuigim an chuid sin ded leitir mar a n-abrair go bhfuil bille agat ar Lonndain ar $500 *agus ná fuairtheas*. Pé scéal é ó tá Mons. Giauque, nó go mbeidh, 'na dhuine d'ár líontighe-ne, agus ó's duine é go bhfuil taithighe ar chúrsaí gnótha aige, agus mise dall ar a leithéid, is é cheapaim go ndéanfaidh sé a dhícheall chun an t-airgead d'fhagháil thar n-ais ; ach, má cailltar é, bíodh aige ! beidh saidhbhreas ár ndóthain againn mar le tuathanaigh, agus ceannóchad duit peidhre breágh *sabot* (*.i. bróga adhmaid*) agus peidhre eile dom féin ; agus d'á olcas é mo leathphágh-sa chífir go mbeidh an sonas i n-aghaidh an lae orainn. Chómh luath agus bhead réidh leis an ngnó so atá ar siubhal agam caithfead an chuid eile dem shaoghal ag cur an tsonais i n-áirithe dhuit-se agus ag

oiliúint ár gcuid leanbh ; agus tá d' aithne agam ort go bhféadaim a bheith deimhnitheach, dá mbeimís le 'chéile, go mba chuma leat do chéim san tsaoghal. Má bhíonn de'n ádh ort do chúig céad dollar d'fhagháil ar ais ná glac arís le bille ionmhalairte ; ach congaibh do chuid airgid agat go bhfaghair scéal uaim-se arís.

Is iongnadh liom ná fuairis mo leitir deiridh a sheolas chugat go Princeton, mar chuireas fé chlúdach í i leitir go dtí Mac Rághnaill agus Ó Ruadháin araon, agus fuaireadar í do réir deallraimh, rud is iongantach liom ; ach pé scéal é, fé mar a thárlaidh ní haon tábhacht é, mar ní raibh innti ach macsamhail de'n cheann a chuaidh chugat ó Havre.*

Tá áthas croidhe orm go bhfuil Maitiú go saor slán. Dá mbeadh sé annso anois agam dhéanfainn captaen de agus aid-de-camp dom féin le focal amháin a labhairt leis an Taoiseach ; ar shlí má tá aon fhonn saighdiúireachta air gur truagh ná táinig sé id theannta-sa fé mar d'iarras san leitir a chuireas chugat ach a chuaidh amú : ach b'fhéidir nach fearr ar domhan é, agus, ar aon chuma, tá sé ró dhéannach anois scríobhadh d'á iarraidh ar an ngnó san. Má éirigheann linn, ar ball, beidh im chumas soláthar do agus dom cháirde go léir go mbeidh gábhadh lem chabhair aca, agus ádhmh-arach go leor ní mór atá ann díobh. Níl ann fé láthair ach go bhfuil ár bhfeachtas-na ar fionnraighe ; raghthar arís 'na bhun, is dócha, agus má bhainimíd ceann cúrsa amach níl baoghal go dteipfidh orainn, agus san gcás san, coimeádfad i gcómhair Mhaitiú an chomplacht is fearr ar ghrenadóirí san arm ; beidh, mar sin, ag Máire beirt dearthár de'n *État Militaire* i n-ionad aoinne amháin ; agus b'fhéidir go mbeadh triúr, mar tá Artúr (nár airigheas oiread is focal 'na thaobh ó fhágas Philadelphia) críona a dhóthain chun peidhre meirgí d'iomchur.

Is mór an cheataighe dhom é, ar bheith ag scríobhadh chugat, an éideimhne atá orm maidir leis an bhfeachtas. Má théigheann sé chun cinn raghad-sa, dar ndóigh, i dteannta an airm ; agus, san gcás san, tá gach súil agam le hádh agus cuirfidh san ar ár suaimh-neas sinn. Má leigtar ar lár é, gluaiseochad-sa láithreach chugat-sa ; agus gaibh mar shólás chugat i n-aghaidh na moille, de bhrí na bhfáth a luadhas, nach aon chailliúint ar aimsir dúinn é : mar níl fagháil ar bith fé láthair agat-sa ar ghluaiseacht.

* Deir Uiliam Tone go raibh scéal ins na leitreacha san d'á mháthair páipéir agus gach ní a bhreith ó America, agus gurbh'in cúis b'fhéidir ná fuair a mháthair ó'n Rághnallach í.

Im leitir dheiridh, agus im leitir go Mons. Giauque chómh maith, thugas mo láinchead le n-a phósadh féin agus Máire. Is dócha, d'á dheascaibh sin, ná déanfaid aon mhoill. Má's pósta dhóibh ar fhagháil na leitre seo dhuit cuir mo ghuidhe mhóirdhíoghraise fé thuairim sonas a bheith ortha, i n-úil dóibh. Is eol do Mháire méid mo ghrádha-sa dhi, agus tá muinghin agus dóchas agam go bhfuil togha cóir déanta aici. Táim ag braith ar mhuinnteardhas Mhons. Giauque chun gach congnamh agus aire thabhairt duit an fhaid a bheidh sibh i Hamburgh.

Beannacht leat, a mhúirnín chroidhe. Táim 'ghá chur so fé chlúdach go dtí duine uasal i Hamburgh go n-éireochaidh leis tú d'aimsiú, tá súil agam. Scríobh chugam agus innis dom go bhfuilir ar fheabhas, agus tú chómh sona agus d'fhéadfá a bheith agus sinn i n-éaghmais a chéile. Póg na leanbhaí thar mo cheann deich míle uair. Má tugtar órdú gluaiste dhom, do réir mar atá coinne agam, scríobhfad arís sula n-imighead ó Pharis. Dia an Uilechómhacht ad bheannachadh, a ghrádh mo chroidhe agus m'anma. Is mise go bráth,

J. SMITH, *Adj. Gen.!!!!*

Seo dhuit roinnt ainmneacha de shráidbhailte i gcómhgar Hamburgh, mar atá ; *Altona ; Grihdel,* hors de la porte de *Damthon ; Limsbuttel,* hors de la porte d'*Altona ; Ham,* hors de la porte de *Steinthor ; Eppendorfe,* hors de la porte *Damthon.* Is é seoladh an té a bhéarfaidh (tá súil agam) é seo chugat ná *Mons. Holterman,* demeurant *Neven-Wall,* Uim. 123. Má aistrighir, fé mar iarraim ort a dhéanamh, go sráidbhaile éigin san gcómharsanacht, is chuige sin a sheolfad mo chuid leitreacha agus mar sin ná dearmhaid do sheoladh a thabhairt do. San méid sin uile cabhróchaidh Mons. Giauque, dar ndóigh, leat. Beannacht leat arís eile, a mhúirnín chroidhe. *Ná beartuigh ar ghluaiseacht ó Hamburgh go n-abruighead-sa leat é, ar son do ghrádha dhom.* Ní bhacfad le bheith d'iarraidh mo mheas ar do mhisneach a chur i n-úil, ach,cuimhnigh nach ionann misneach agus dásacht mire. Ar mo shon-sa agus ar son ár mbáibíní caithis tabhair-se aire dod shláinte, táim fé bhuaireamh ná féadfainn innsint id thaobh ; tá grádh mo chroidhe agus m'anma agam duit agus ní mhairfinn id dhiaidh lá. Muna mian leat ár leanbhaí d'fhágaint gan athair gan mháthair ná taidhrigh ar chorruighe go gceaduighead-sa dhuit. Cuimhnigh ar mo ghrádh-sa dhuit agus ar ár mbáibíní beaga caithis. Tá na deora tagaithe im shúile gur ar éigean a chím a bhfuil

d'á scríobhadh agam agus ní ró thugtha do'n bhuige sin mé. Tá súil le Dia agam ná fuil ann ach go bhfuil tuirse an turasa ó Chuxhaven ag goilliúint ort. A ghrádh chaithis chroidhe, tabhair aire dhuit féin,agus ná tugadh do chuid míofhoidhne chun mise fheicsint, ort do shláinte a chur i mbaoghal. Muna leor san, bheirim órdú dhuit, *im Thaoiseach dom*, gan an fód atá agat a thréigean gan mo chead-sa.

J.S.

Feabhra 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8.—Ar maidin indé iseadh chuala go raibh mo chara Mr. Ó Séaghdha tagaithe ó Rochelle. Siúd liom láithreach agus fuaireas i seomraí an Taoisigh Ó Cléirigh é. B'áthas leis mé fheicsint. Do réir dheallraimh b'uathbhásach an turas aca é san bh*Fraternité*. Do bhíodar ar seol, uair, ar feadh fiche uair a chluig gan aithint i lár chabhlaigh Shasana istigh. Níorbh fhada uainn trácht ar an ngnó so againn-ne. Do bhraitheas é chómh díoghraiseach is bhí riamh, agus deir sé go bhfuil muinghin aige go ndéanfaidh an Rialtas athnuachtaint ar ball air ar chuma sármhór ; agus an ní gurab é ár mian le fada é : cómhpháirt chabhlaigh na Spáine, go mbeadh san againn. Má's amhlaidh é, b'fhéidir go leigheasfaí fós an scéal. Deir sé liom, leis, go raibh sé ag cainnt le Hoche agus gur labhair go dian im thaobh-sa leis-siúd ; go raibh tuairim thar barr ag an Taoiseach díom agus gur chuir iarratas pearsanta chun na hÁrdchómhairle agus an Taoisigh Dupont, an té go ndeintar gnóthaí mar sin san earnáil atá fé, chun go gcoimeádtaí mise ar *thableau* an airm ; gur innis an Taoiseach do an fonn a bhí orm-sa dul go Hamburgh chun mo bhean is mo chlann a bhreith do'n Fhrainnc ; agus leis sin go ndubhairt Mr. Ó Séaghdha go mba thairbhighe mé 'na mhalairt d'áit agus go raibh aithne chómh maith san aige orm go ngeobhadh sé air bheith freagarthach ionnam, agus ná leigfinn d'aon ghnó bhainfeadh liom féin teacht eadram agus dul pé ionad ba thairbhighe do'n chúis mé bheith ann. Dubhart le Mr. Ó Séaghdha go leigfinn tharm dul go Hamburgh d'aindeoin drochshláinte mo mhná agus go rabhas ullamh, ar fógradh uair a chluig, chun dul pé áit gurbh áil leis an Taoiseach a órdú dhom dul.

Do léirigheas annsan do an toisc ar ar chuir an Taoiseach Grouchy go Paris mé, agus d'iarras d'athchuinghe air, dá bhfaghadh caoi chuige a chur i n-úil do'n Taoiseach Hoche an deaghthuairim a bhí agam d'iomchur Ghrouchy. Dubhairt Mr. Ó Séaghdha go raibh áthas air toisc mé do luadh an scéil sin, mar gur léirigh sé dho rud

dhó a bhí ag dul thar a thuigsint; ná raibh aon an-thuairim fé láthair do Ghrouchy ag an Taoiseach, agus gur léir do anois nach foláir nó gur de thoradh na cóimhcheilge adubhart a bhí ar siubhal é, ach go dtiubhradh féin iarracht ós iseal chun é chur ar an eolas ceart; mar sin tá muinghin agam go bhfuil tairbhe éigin déanta agam dom dhuine croidhe Grouchy san ngnó so. Ní mór é m'aithne-se air, ach tá iomchur duine uasail fé, agus ní fhéadfaí bheith ag súil, le duine ba mhisniúla ná é i gcúrsa úd Chuain Bheanntraighe, agus, d'á iongnais sin, is fuath liom an sprid suarach cóimhcheilge atá ag obair 'na choinnibh.

Do scaras annsan le Mr. Ó Séaghdha tar éis réidhteach go raghainn chuige arís maidin indiu, rud a dheineas, ach ní mór an cómhrádh ráinig eadrainn mar gur chuir Taoiseach óg isteach orainn, fear do chaill cos leis ag Rastadt, san gcogadh deireannach ar an Réan. Pé scéal é thugas tuarasgabháil an tSíthigh do, gairmscoile Ghrouchy chun Muinntir na hÉireann agus mo thuairim féin i dtaobh an chómhairle chogaidh a comóradh i gCuan Bheanntraighe. Thugas nóta leis do ag meabhrú ainmneacha an *Northern Star*, an *Dublin Evening Post* agus an *Cork Gazette* do, agus d'áitigheas go dian air iad a sholáthar do'n Árdchómhairle agus d'imigh sé láithreach chun labhartha leis an Taoiseach Dupont i dtaobh an scéil. Táim chun dul chuige amáireach ar a dódhéag. Ag teacht thar n-ais dom do ghlaoidh an Taoiseach Hoche orm, agus é ag tiomáint san Rue Montemarte, agus d'innis dom go raibh mo ghnó-sa socraithe; máiseadh táim anois ar fostadh i seirbhís na Frainnce muna mbí aon ní ní b'fhearr i ndán dom im thír féin. Do ghabhas mo bhuidheachas leis an Taoiseach, agus leis sin do scaramar.

Idir so súd níl cruth chómh dona fé láthair ar rudaí agus bhí coighcíos ó shin. Má dheinid na Spáinigh agus an Árdchómhairle beart le brí agus le dearbhthacht, beidh gach ní go maith fós, b'fhéidir, agus Éire fé shaoirse. Maidir liom féin féadfad ar a luighead maireachtaint ar m'fhagháltas agus dá mbeadh mo líontighe annso agam bheinn chómh sona suairc leis an té is saidhbhre san bhFrainnc, ach de dheascaibh drochshláinte mo chéile cumainn tá míoshuaimhneas marbhthach orm. Dhá oidhche i ndiaidh a chéile, do phreabas im dhúiseacht agus fuarallus orm le brionglóidí uathbhásacha 'na taobh. Tá a dhá leitir léighte agam míle uair agus níl abairt ionnta i dtaobh a sláinte ná fuil casta ar mhíle slí agam am chiapadh féin; táim, go dearbh, fé mhéala rómhór 'na taobh. Fiafróchad amáireach de Mhr. Ó Séaghdha ciaca an

ndéanfar fostadh annso orm nó ná déanfar ; muna ndeintar imeochad chun teagmháil léi chómh luath i nÉirinn agus gheobhad m'fhagháltas tuarastail. Má's annso bhead cuirfead scéala chuici fanúint i Hamburgh go Lá Bealtaine, sin tuairim ráithe, agus teacht annsan ar luing neodrúil go Havre nó Dúnkirk agus mar sin go Paris. Tá súil le Dia agam go bhfaghad leitir uaithi anois i gcionn cúpla lá nó trí mar fhreagradh ar an leitir a chuireas chuici an 15adh lá d'Eanár ; tá sé lá fichead indiu ó scríobhas agus ní foláir liom nó beidh freagradh go luath chugam.

Chím ins na páipéir Sasanacha, le linn iomarbháidhe i bPairliméid na hÉireann go dtug an Tighearna Sainsiléir (mo sheanchara Mac Giobúin, atá anois 'na Iarla Cláir, go dtug sé íde béil fé dhó as m'ainm orm 'ghá chur im leith gur mé b'athair altroma do Chumann na nÉireannach nAontaithe. Mheasas go rabhas dearmhadta aige siúd, ach dá sroichimís go hÉirinn slán mhúsclóchainn mo chuimhne aige. San iomarbháidh chéadna thug sé " árrachtaighe " ar Hoche, agus leis sin tá sé d'ádh orm fulang le masla i ndeaghchuideachtain. Do scríobhas nóta magaidh i dteangain ainiúil, gur áil liom féin Frainncis a thabhairt air, go dtí an Taoiseach 'na thaobh, ag gabháil combáidhe leis san masla, ⁊rl. Is dóigh liom go bhfuil mo mheanma ag casadh arís orm, ach is do Dhia is eol an croidhe !

Leitir chun Mrs. Tone.

Feabhra 11, 1797.

A GHRÁDH MO CHROIDHE AGUS M'ANMA : An leitir a scríobhais an 26adh lá de'n mhí seo caithte bhain sé ualach dem chroidhe. Tá muinghin agus dóchas agam go bhfuil feabhas ag teacht ort i n-aghaidh an lae agus go bhfaghthar i ndeireadh na dála gur uathbhás nár ghábhadh a bhí orm ó fuaireas do chéad leitir. Ní heol duit, a ruidín ghránna, cad é grádh atá agam duit. Tá súil agam go bhfuilir fé'n am so tar éis cur fút i n-aice Hamburgh mar a bhféadfair maireachtaint níos saoire ná mhairfá san gcathair, agus tú níos seascaire. Dein an bhainistighe is mó fhéadfair ach amháin i gcúrsaí bhaineann led shláinte agus san gcás san de ná ceil aon ní ort féin. Ól leamhnacht, agus muna réidhtigheann sé led ghoile, rud ná déanfaidh b'fhéidir, nach shin é thú san dúthaigh cheart chun uisce Seltzer d'fhagháil ; agus iarraim ort beagán de d'fhagháil le meascadh led chuid bainne. Is cuimhin liom go dtaithnigheadh sé leat tráth. Má tá casachtach ort cuir wástcóta olna féd léine agus má's gábhadh é dein clogadh beag idir do dhá ghualainn.

thar gach ní seachain do chosa a fhliuchadh agus aon ní eile dar ndóigh a thabharfadh slaghdán duit. Dein anbhruithe laoigh-fheola a bheidh chómh láidir sin go ndéanfaidh glóthach de ach a bhfuaraidh sé, agus caith lán méise bige dhe fé dhó nó trí sa ló. A fhaid ar a ghoireacht é, tabhair aireachas ó thalamh duit féin, agus tá fáth is fiche leis sin, agus ortha san áirimh ná mairfinn-se id dhiaidh, dar liom, dá n-imigheadh aon ní ort. Nuair ab éigean dom, uair nó dhó le déannaighe, machtnamh go raibh tubaist uathbhásach mar é d'á bhagairt, níl innsint scéil ar a scéirdiúla a thaidhsigh an saoghal dom, agus a éidtreoraighe agus a uaignighe bhí an scéal agam dar liom féin. Ach éirighimís as an scéal duairc sin agus casaimís ar rud níos meanmnaighe.

Thugas tuairisc duit im leitir dheireannaigh ar ár bhfeachtas mí-ádhmhair, agus gurbh é trúig a theipthe tar éis gach scéil ná an ghaoth amháin, mar ní fheacamar namhaid chuige. Fé mar thárlaidh níor ghaibh na Sasanaigh ach frigéid amháin agus árthach iomluchtaidh nó dhó, agus mar sin tuig ná fuil san mbuaileam-sciath a léighir i bpáipéir Shasana ach éitheach. D'innseas duit gur chuir an Taoiseach Grouchy uaidh mé, le n-a thuarasgabhála, go dtí an *Directoire Exécutif* agus ná cuireadh san iongnadh ort mar is mór é báidh an Taoisigh sin liom ; óir, "*the first day I marched before him, thinking of you, I missed the step and threw the whole line into confusion ; upon which I determined to retrieve my credit, and exerted myself so much that at the end of* THE REVIEW, *the General thanked me for my behaviour.*" Tá súil agam gur cuimhin leat an t-aith-fhriotal san, agus gur rogha cinn é. Do cheapas le linn scríobhtha chugat go bhfaghainn órdú dul ar ais go Brest, ach tá an *Taoiseach Hoche*, a bhí i n-áirdcheannas an fheachtais, tar éis taithneamh a thabhairt dom, de dheallramh, mar ar an ló beannaithe seo féin thug sé fé ndear go gcuirfaí n-úil dom go raibh sé ag cuimhneamh ar mé bhreith 'na líon féin leis go dtí arm *Shambre et Meuse* go bhfuiltar tar éis é chur 'na cheannas ; agus b'é mo fhreagradh-sa air, do réir mo dhualgais, go rabhas gach tráth ullamh chun a órdú-san a chóimhlíonadh agus mar sin is imeacht a dhéanfad, is dócha. Ní raibh cogadh cois Réin san áireamh agam, bíodh go rabhas ullamh do'n tSionainn ; ach tá m'oineach onóra anois i ngeall agus, d'á bhrí sin (Gabhann)

"Were the whole army lost in smoke,
Were these the last words that I spoke,
I swear (and damn me if I joke),
I had rather be with you."

Má imighim, fé mar is dóigh liom, ná bíodh eagla ort ná go dtiubhrad togha na haire dhom féin do réir mar leigfidh mo dhualgas dom; agus 'na theannta san, ó bhead ar ghasra an Taoisigh agus i gcuideachtain a phearsan, is lughaide bhead i mbaoghal; agus rud eile fós "*dost think that Hawser Trunnion who has stood the fire of so many floating batteries, runs any risk from the lousy pops of a landsman.*" Tá muinghin agam as do mhisneach san ócáid seo, dála gach tráth eile d'ár saoghal cheana; is míle fearr atá an scéal againn ná mar bhí nuair d'fhágas i bPrinceton thú; eadrainn féin ní ró olc measaim atá éirithe liom ó thána do'n Fhrainnc, agus déarfair-se amhlaidh leis, nuair, léighfir mo chuid meamram. Ar mo theacht annso dhom níorbh aithnid dom Críostaidhe an Luain ná focal ar éigean de'n teangain; tá sé de rath orm go bhfuil muighin an Rialtais fachta go dtí so agam, oiread agus ba ghábhadh d'ár ngnó-na, agus go bhfuil tuairim fhónta ag m'oifigigh cinn díom, mar is léir ó'n gcéim atá agam. Ní de gach coigcríochach d'á dtagann chuca go ndeintar Taoiseach Conganta san bhFrainnc, "agus *dhá* bhior ar a ghualainn," fé mar adeirir go láincheart; ach ní haon ní é sin seachas a bhfuil le teacht, tá súil agam. (Gabhann) "*Zounds I will soon be a Brigadier!*" Má théighim i n-arm *Shambre* agus *Meuse* is cómhgaraighe bhead duit ná mar táim annso agus féadfam tuairiscí a chur chun a chéile, agus mar sin ní bheidh aon ní caillte againn, agus ó's é an t-arm atá i ndán dom caithfead cuid de'n chéird d'fhoghluim *mar ná fuilim i n-aon chor gan coinne go daingean agam* go bhfagham caoi chun ár n-éirim mileata do léiriú *i n-áit eile;* go dtí san bead ar an scoil is fearr agus fé dhuine de na máighistrí is fearr san Eoraip. Ní fhéadaim a thuille tuairisce a chur i leitir chugat, cuimhnigh ar ár scríbhinn armais, "seachain éadóchas," agus ní fheicim ach oiread, nó is lugha chím, fáth ar bith le héadóchas san ló so seachas mar bhí sé mhí tar éis mo theacht do'n Fhrainnc, mar sin (Gabhann) "*Madam you know my trade is war!*" Is dóigh liom gur mór an ceol atá san leitir seo.

Tá scríobhtha agam chun Mons. Giauque leis an bpost so, agus aguisín innti do Mháire ar n-a thuigsint dom go bhfuilid pósta. Is é mo ghuidhe dhóibh go mbeidh an t-ádh leo; ach ní fhéadaim gan a smaoineamh a ghreannmhaire atáimíd scaipithe ar an uair seo—gan aon bheirt againn le 'chéile. Is dearbh liom dá mbeadh *cúig* ceathrúna de'n domhan ann go bhfaghthaí duine againn suidhte ar an gcúigiú ceann. Do scríobh Mons. Giauque chugam i dtaobh éilimh atá aige i n-aghaidh Rialtais na Frainnce. Dá bhfanainn i

bParis dhéanfainn mo dhícheall, bíodh ná féadfainn a rádh go n-éireochadh liom, mar is mó go mór de'n ghlóire ná de'n airgead atá annso againn; pé scéal é tá súil agam go bhfaghainn, ar a luighead, freagradh; ach anois ó táim ag dul chun an airm (*b'fhéidir*) níl aoinne annso go gcuirfinn an t-iarratas ar iontaoibh leis; mar sin tá scríobhtha agam chuige na páipéir, ⁊rl., a chongbháil go bhfillead, is go ndéanfad annsan gach ní im chumas chun an t-airgead a bhaint amach, nó cuid de, pé scéal é. Muna bhfaghad tar éis an tsaoghail órdú dul do'n Réan, cuirfead scéala láithreach chuige, agus, má's mar siúd é, ní dhéanfad moill gan iarratas ceart a dhéanamh.

Maidir le hArtúr, is oth liom an tuairisc a thugais dom air. Ní bhacfad leis na fátha a luadhadh ach chómhairleochainn duit gan fios a chur air go bhfaghair scéal arís uaim. Déanfaidh sé an bheart i gcionn cúpla mí, agus, go dtí sin is í mo chómhairle é fhágáil mar atá. Dá mbeadh sé agam *annso im theannta féin* ar an bhfód, bheinn iniúil b'fhéidir, ar ball, ar ionad d'fhagháil do; ach níl aga chun fanúna againn, agus mar sin, deirim arís fanadh sé thall go fóill.

Maidir leis an Ruiséallach, is eol dom le ráithe beagnach an cor 'na raibh sé. Cuimhnigh ar an mbuaireamh a bhí agus atá fós 'na thaobh orm agus i dtaobh a chómhfhulaingtheach. Dob é an t-aoibhneas is mó a chuireas i n-áirithe dhom féin ná a gcuibhreacha súd a scaoileadh agus paor díoghaltais a dhéanamh d'á naimhde. Do thabharfainn aon rud ach an leitir a fuairis ins na páipéir d'fheicsint. Má fhéadair greim d'fhagháil air nó ar chóib de cuir id chéad leitir eile chugam é; cuir air Ghiauque nó ar Mhr. Wilson cuardach do. (Ag tagairt do san chuas go tigh Mhadgett i dtaobh leitreacha Mhr. Wilson, ach nílid tagaithe fós.) Táim ag machtnamh an bhféadfainn líne a chur chun carad nó dhó liom tré Hamburgh. An bhfeadraís an bhfuil *fear discréide* i Lonndain aige. Labhair leis 'na thaobh san ach dein scéal rúin de. Dá n-éirigheadh leis aon áis a dhéanamh, b'fhéidir go mbeadh toradh tairbheach ag an scéal ar a éilimh annso, agus is léir cad fáth. Tá muinghin agus dóchas agam gur fear é go bhféadfainn scéal a chur ar a iontaoibh, go mórmór i ngnó a dhéanfadh tairbhe dho féin agus ná tiocfadh ceataighe ar bith dho as. Feicim a fheabhas a dhéanfaidh tú an méid sin.

Ó thárlaidh go mbead, pé ní thiocfaidh, go ceann roinnt laetheannta i bParis, scríobhfad chugat uair nó dhó sula n-imighead.

Líonfad an chuid eile dhe seo de scríbhinn chun mná óige dem aithne a thug de ghradam dom tús cóimhfhreagarthais a chur ar siubhal liom.

Do chéile róghrádhach choidhche,
J. S. *Taois. Cong. ! !* Husá, husá !

A Bháibín, a chuid : Is geanúil an ruidín tú agus scríobhadh chugam agus is mór é mo chion ort agus nuair a léigheas do leitir ghleoite tháinig na deora im shúile, bhí oiread san áthais orm. Is aoibhinn liom an tuairisc a thugais dom i dtaobh do chuid dearthár ; is dóigh liom gur láinmhithid do Liam a mheabhair cinn a shaothrú, agus, d'á bhrí sin, iarraim ort eolas na leitreach a mhúineadh dho, munab eol do cheana iad, ionnus go bhféadfadh scríobhadh chugam ar ball. Ní hiongnadh ar bith liom gur bully an Proinnsias san agus is dócha go mbeidh iomad cath eadrainn nuair bhuailfeam le 'chéile. An bhfuair sé sicéad agus bríste fós ? Abair led Mhama uaim-se "*we do defer it most shamefully, Mr. Shandy.*" Tá súil agam go dtugair aire mhaith dod Mhama bhocht, mar tá sí, is eagal liom, gan bheith ar fónamh ; ach ní gábhadh dhom san a rádh leat mar is deimhin liom go ndeineann tú cheana é, mar leanbh geanúil gleoite maith is eadh thú, agus tá grádh agam duit thar an domhan mór uile. Póg do Mhama agus do bheirt deartháirín thar mo cheann-sa, deich míle uair, agus bíodh grádh agat, mar a gheallair, *choidhche agus go bráth.*

Dod Dhaidí ceanúil,
J. SMITH.

Aguisín. Faigh páipéar mar é seo le scríobhadh air, agus fill do chuid leitreacha 'na gcearnóga, mar dheinim-se ; nó neachtar aca leig do Mhr. Giauque é dhéanamh duit. Tugadh sé, leis, do Mhr. Holterman costas an phuist ar mo leitreacha-sa chugat.

Feabhra 9, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16, 17, 18.—D'aistrigheas indiu go dtí an Hôtel des États Unis, Rue de Tournon, i n-aice an Luxembourg mar bhíos fé mhíochomhthrom mór i dtigh Mhademoiselle Boivert, mo sheanbhanóstóir. Ar an 10adh lá ba dho-innste é m'áthas nuair fuaireas leitir óm mhúirnín mná d'á chur i n-úil dom go raibh feabhas mór ar a sláinte ; bhí mo dhá leitir fachta aici agus dubhairt sí gur socruigheadh go bpósfaí mo dheirfiúr umanathar an lae sin, agus mar sin tá muinghin agam go bhfuil

sise socraithe, agus tá súil le Dia agam go mbeidh an sonas 'na treo. Do scríobhas leitir fhada thar n-ais ar an 11adh lá.

Do ghluais an Taoiseach Hoche chun an airm ar an 11adh lá. Sular imigh sé d'fhiafruigh sé de Mhr. Ó Séaghdha arbh fhonn liom teacht ar arm Shambre et Meuse. An freagradh céadna thug sé arís go raibh sé deimhnitheach go mbeinn ullamh ar dhul pé áit go gceapfadh an Taoiseach go mba thairbhighe mé chur ann; agus leis sin d'iarr an Taoiseach air an scéal a chur fém bhrághaid. Thárlaidh san de thoradh cómrádha idir mé féin agus Mr. Ó Séaghdha nuair adubhart-sa leis gur cheapas go bhféadfaimís, de dheascaibh pósadh mo dheirféar, gléas cóimhfhreagarthais le hÉirinn a chur ar bun tré Hamburgh, rud gur chuir an Taoiseach spéis láithreach ann. Do socruigheadh, b'á bhrí sin, go raghainn-se ar an slógadh so le harm Shambre et Meuse d'fhonn bheith 'na chómhgar féin agus chuir sé iarratas d'á réir sin chun na hÁrdchómhairle ag lorg *brevet* dhómh-so im Thaoiseach Conganta, agus órdú chun dul ar fostadh láithreach. Fuaireas fios i mbureau an Aire go bhfuilm-se ceapaithe im oifigeach " i mbun cóimhfhreagarthais an Taoisigh le coigcríochaibh." Is uasal an glór do ghní sin! Tá Bruix, atá 'na Mhajor General de l'Armée Navale, agus gurbh é go dearbh a bhí ag stiúradh cuid na maraidheachta d'ár bhfeachtas-na, tá sé tagaithe go Paris chun dul i gcómhairle leis an Árdchómhairle agus le hAire na Luingseoireachta. Deir sé le Mr. Ó Séaghdha má thugann an Rialtas 8,000,000 livre i gcómhair an chabhlaigh go raghaidh féin i n'urradh air triocha is cúig de luingeas líneagair a bheith ann i gcionn sé mhí le cur chun fairrge: is ionann 8,000,000 livre agus £350,000. Tá muinghin agus dóchas agam go bhfaghthar an t-airgead agus go deimhin féin dubhairt Truguet, an tAire, le Mr. Ó Séaghdha go raibh cuid de aimsithe cheana aige agus coinne aige leis an gcuid eile. Tabharfaidh na Spáinigh, creidim, cúig longa fichead líneagair dúinn, agus má dheinimíd-ne soláthar ar chúig cinn fhichead eile, sin cabhlach caogad. Féach, níl an cluiche caillte fós.

Ar an am gcéadna chím i bpáipéir Shasana go bhfuil an saoghal 's a mháthair d'á ghabháil i nÉirinn ag an Rialtas ann. Tá Artúr Ó Conchubhair, atá do réir dheallramh ag éiltheoireacht guthanna i gConntae Aondroma, ar láimh aca ach is ar chúis míocháil a leathadh é, measaim. Do réir dheallraimh is le linn do bheith ag siubhal fara 'n Tighearna Eadbhard Gearaltach a gabhadh é. Ní gan chúis a bhí an bheirt óigfhear san ag siubhal le 'chéile. Do

thabharfainn a lán chun uair a chluig de chómhrádh a dhéanamh leis an gConchubhrach. Chím go bhfuil sé, idir chorp is anam, tar éis dul i leith réabhlóide a thíre dúthchais. 'Seadh, má éirigheann linn gheobhaidh sé, agus is maith an díol air é, ceann de na hionaid is fearr san Rialtas. Is uasal an duine é agus sin í an fhirinne.

Táim anois ag feitheamh lem bhrevet agus lem órdú fostaithe agus fós lem *gratification d'entrée en campagne* .i. 800 livre i dteannta páighe dhá mhí, agus sin *en numéraire,* 330 livre san mbreis, agus níl mo thrunc tagaithe fós ó Bhrest ná ní thiocfaidh an mhí seo ; agus, fé'n am san, b'fhéidir gur i gCologne a bheinn-se, mar a bhfuil ár gcinncheathrúin ; agus san trunc san tá dhá uaireadóir agus dhá shlabhradh óir, is m'fheadóg, is mo chuid páipéar, is a bhfuil de rogha an tsaoghail agam agus, mar sin, táim i ngalar na gcás is i n-éideimhne chómhairle. Caithfead a fheachaint go meilfead an aimsir, mà's féidir, nó go dtagaidh mo thrunc, nó bead i ngalar buairimh d'á chionn gur mór an scannradh é.

Do chuas go bhfeicinn mo chara Monroe indé. Tá athghairm déanta air, agus tá diúltaithe ag an Árdchómhairle aithne thabhairt ar Phinckney, a chómharba. Tá ag gluaiseacht ó Pharis i gcionn deich lá go hAmerica agus teastuigheann uaim go mbéarfadh sé leitir uaim chun an Dr. Mac Rághnaill agus chun mo dhearthár. Dá mbeadh Maitiú annso anois d'fhéadfainn é ainmniú 'na Adjoint dom láithreach. Is dóigh liom go bhfágfad fé féin teacht nó a mhalairt. Féadfaidh sé filleadh ar America aon tráth is maith leis ; agus mar sin is dóigh liom go scríobhfad chuige teacht láithreach.

Feabhra 19, 20, 21, 22.—Chím do réir *Courier* an 14adh lae beag so gur gabhadh Roibeárd agus Liam Simms, toisc leitir Artúir Uí Chonchubhair a fhoillsiú is áirithe, mar go bhfuil an tuairisc meascaithe beagán. Fionnaim ó mhionghraf eile san bpáipéar céadna gur scaoileadh ar an 9adh lá iad ; ach tá an Conchubhrach fós ar láimh. Tá sé tar éis é féin a thairgsint 'na éilitheoir do Chonntae Aondroma agus níl amhras agam ná go dtoghfar é ; agus is de dheascaibh leitir a scríobh sé chun toghadóirí na conntae sin a gabhadh é. Bainfidh an Rialtas préamhacha as talamh d'iarraidh ná toghfaí é. Is ar éigean má tá duine dem cháirde anois i nÉirinn ná fuil i bpríosún, agus an chuid ba mhó aca i mbaoghal a mbásaithe : mar tá gléas na hárrachtaighe chómh dian i bhfeidhm annsúd agus bhí sé riamh san bhFrainnc le linn Robespierre. Is dóigh liom go

raghad d'fhéachaint Charnot indiu agus cuirfead 'na láthair scríobhadh ag triall ar an Dr. Mac Rághnaill 'ghá iarraidh go gcuirfaí duine éigin go bhféadfaimís iontaoibh leis anall ó Éirinn chun dul i gcómhairle leis an Rialtas annso. Is furus é dhéanamh agus raghaidh mo leitir-se gan baoghal ar bith le Munroe. *Allons*

Feabhra 23.—Do chuas ag triall ar an Taoiseach Dupont indiu chun dul 'na theannta go dtí Carnot. I n-ionad mé bhreith leis is amhlaidh a ghaibh air féin órdaithe thabhairt dom i dtaobh cad ba cheart dom a scríobhadh. Fuaireas ná raibh aon éifeacht 'na chainnt. Scríobhfad anois do réir mo thuigseana féin.

Feabhra 24.—Do chuas indiu ag triall ar Mhunroe, agus thugas leitir ocht leathnach do i gcómhair an Dr. Mac Rághnaill, mar a dtugas tuairisc cruinn do ar ár bhfeachtas le deireannaighe agus dheimhnigheas do go bhfuil beartaithe ag Rialtas na Frainnce leanúint de'n ghnó. Do léirigheas 'na theannta san go cumair do an treo atá fé láthair ar chómhachta móra na hEorpa, d'fhonn biothbhuaine na Poblachta a chur i n-úil do, agus áireamh athchumair leis sin ar a bhfuil againn le tarrang air i gcoinnibh Shasana. Agus fós d'iarras air scríobhadh go folaithe rúnmhar discréideach go hÉirinn agus, thar cách eile, má b'fhéidir, go dtí R.S., chun duine ceart a chur go Hamburgh, ag triall ar Ionadaidhe Cómhnaitheach na Frainnce ann, agus teacht annsan go Paris chun dul i gcómhairle leis an Árdchómhairle. 'Sé mo thuairim, muna dtárluigheann aon rud ainspianta chun é mhoilliú go mbeidh an duine sin annso, b'fhéidir, um lár mí Iúil seo chugainn; agus ar deireadh dubhart leis a dheimhniú dom cháirde gur mó ár ndóchas anois ná riamh go mbéarfam buaidh, agus a athchuinghe ortha idir dhá linn fanúint socair agus gan caoi a thabhairt do Shasana, tré chíréib ró luath a chur ar bun, chun na dragúin a scaoileadh fútha. Sin é éirim a bhfuil im leitir agus is maith an dóigh liom go raghaidh sí anonn slán.

Feabhra 25.—Do shiubhluigheas go Nanterre ag triall ar mo charaid Ó Séaghdha agus fanfad dhá lá 'na theannta.

Feabhra 26.—Ag obair fara Mr. Ó Séaghdha ag scríobhadh meamram i dtaobh ár ngnótha, le tabhairt do Lacuée ar Chómhairle na Seanóirí. Tá beagán aithne agam air. Tá baint an-mhór aige le Carnot, agus sin é fé ndeara dhúinn bheith ag dul fé na bhrághaid. I riocht leitre ó Mhr. Ó Séaghdha go dtí an Taoiseach Ó Cléirigh iseadh tá an meamram.

Feabhra 27.—D'fhilleas thar n-ais go Paris indiu.

Feabhra 28.—Do chuas chun Lacuée leis an meamram. Do bhí sé go bruidiúil rómham i dteannta a rúnaidhe. D'fhágas an páipéar aige, agus shocruigheas teacht chuige i gcionn cúpla lá nó trí.

Márta 1, 2, 3.—Níl saoghal madra annso i bParis agam. Táim chómh mór im aonar agus dá mbeinn i bhfásach na hAraibe. Le barr dearóile anocht táim tagaithe go dtí tabhairne mar a bhfuil an meamram so d'á scríobhadh agam i mbosca beag liom féin. Is dochraideach é. Ní fheadar an mbeidh sé de shonas orm mo mhúirnín croidhe agus ár leanbhaí beaga d'fheicsint go deo arís. Tá m'aigne 'na fásach fiaile de cheal a shaothraithe, agus níl fagháil ar leigheas agam mar níl caonthaidhe agam chun cainnte leis gurbh fhiú liom feoirling é. Tá tuairim leathdosaon Éireannach annso i bParis, d'á bhfeaca-sa, ach is dona oitir na truagháin iad agus ba chleachtach mise ar chuideachtain de chinéal éigin níos fearr ar gach cuma.

'Seadh, tarraingighim malairt scéil chugam ; cuireadh i n-aithne le déannaighe mé do Thomás Paine na mórcháile agus taithnigheann sé go maith liom. Tá mór-is-fiú thar na beartaibh ann ach ní gan fáth é, agus, maidir liom-sa, maithim do. Is iongantach a bhfuil déanta aige ar mhaithe le saoirse i nAmerica agus san Eoraip, agus creidim 'na thaobh gur duine macánta ó choinnsias é. Fear cómhrádha ar fheabhas is eadh é agus is tagarthaighe chun grinn 'na chainnt é ná san méid a scríobhann, mar a bhfuil a chuid grinn aimhchliste go leor. Do léigh sé dhom sleachta as freagradh ar Easpog Landaff atá d'á ullmhú do'n chló aige mar a bhfuil liúradh gan trócaire d'á thabhairt don eaglaiseach uasal aige. Dar leat, is mó é a mhaoidheamh as a eolas ar dhiadhacht ná as a pholaitidheacht, agus ní ghabhaim leis san méid sin. D'innseas do go raibh aithne ar an mBúrcach i Sasana agam, agus dheineas tagairt do'n treascairt mhór meabhrach a bhain do de dheascaibh báis a aonmhic, Risteárd. Dubhairt Paine láithreach gurbh é " The Rights of Man " a bhris a chroidhe, agus go dtug bás a mhic ócáid do chun scaoileadh leis an míchéadfadh a bhí ag gabháil do riamh ó foillsigheadh an saothar san. Is deimhin liom go ndearnaidh Cearta an Duine an-chiapadh do'n Bhúrcach, ach chonnac-sa dem shúilibh féin conus mar ghoill arraingí bróin athar ar a anam, agus níorbh fhéidir mé mhealladh ann. *Níl aon chlann ag Paine.* Och! a bháibíní beaga liom, dá gcaillinn-se Will nó Fantom beag. Na créatúiríní beaga, tá mo chroidhe ionnta agus 'na múirnín

máthar, gur mó agam deich míle uair í ná m'anam féin. Ní scaraid choidhche lem aigne.

Ach, ag tagairt do Phaine. D'ólfadh sé an tSiúir, is gur mí-ádh é sin a bhraithim a bheith ar thírghrádhthóirí mórchlú nach é. Airighim gurab é tráth is léire chítar na tréithe móra atá ann ná tuairim a deich istoidhche agus buidéal brannda agus uisce ós a chómhair agus is rómhaith chreidim sin. Ní fhuaireas-sa san de chomaoin fós é fheicsint ar ócáid mar sin, ach caithfead teacht air, má fhéadaim, bheith ar aonbhórd leis oidhche sula n-imighead chun an airm.

Trí lá ó shin chonnac trí fichid ceann de mheirgí an Impire d'á dtíodhlacadh ag an Taoiseach Augereau an airm san Iodáil. I Mantua a gabhadh iad; agus thíodhlaic Rewbell, Uachtarán na hÁrdchómhairle, i n-aiseag ar Augereau bratach leithbhriogáid a 62 a dhein sé féin a iomchur thar droichead Lodi tré philéara na namhad, agus go dtug an Conseil des 500, d'á bhrí sin, do é de thoradh guthaidheachta. Ba ghlórmhar an radharc é agus b'inspéisighe de fós é go raibh athair agus máthair Augereau (seanshaighdiúir an t-athair, agus *bonne bourgeoise* a mháthair) láimh leis ann, agus a dheartháir 'na chuibhreann 'na aid-de-camp do.

Cad é sruth smaointe a mhúscail an gasra san láithreach im aigne! 'Seadh dá n-éirigheadh linn san bhfeachtas úd—ach is cuma—"*Tout ce qui est différé, n'est pas perdu.*" Chífeam fós cad é cor a bheidh ar rudaí. Seasca seanshaighdiúirí a bhí ag iomcur na mbsat agus dob aoibhinn liom *fierté* na gcrannlaoch úd ag teacht do láthair. Ag luigheadú i n-aghaidh an lae im mheon atá an scleondar díoghraise. "*La temps et la malheur ont flétri mon âme.*" Mar sin féin níorbh fhéidir dom gan corruighe dom ghabháil i láthair an tsuaitheantais sin agus ní haon uair amháin a tháinig na deora im shúile. Do chuimhnigheas ar m'athair féin; nach air a bheadh an mórtas asam-sa, dá n-éirigheadh linn i nÉirinn. 'Seadh, tagann gach maith le cáirde.

Márta 4, 5.—Thugas leitir i gcómhair mo dhearthár do Mhr. Munroe, istigh fé chlúdach chun an Dr. Mac Rághnaill, agus moladh agam innti dho teacht do'n Fhrainnc ach gan mé d'á áiteamh san ró dhian air. B'fhearr liom ná an saoghal é bheith anocht annso. Imeochaidh Munroe i gcionn a ceathair nó a cuig de laethe.

Márta 6, 7, 8, 9, 10.—Fuaireas leitir ó Mháire agus scéala a pósta innti, agus ba léir gur sásta a bhí a croidhe le linn a scríobhtha dhi. Tá súil le Dia agam go mbeidh an sonas uirthi. Do bhí istigh 'na

teannta leitir óm mhúirnín croidhe bocht. Tá imnidhe m'anma orm i dtaobh a sláinte sin. Tá aistrithe aici do dtí sliosbhaile Hamburgh mar a raghaidh sí i bhfeabhas, tá súil agam. Do scríobh Maria aguisín beag. Is geall le hainglín í ag scríobhadh. Do fhreagruigheas an dá leitir láithreach ach ní bheidh oiriúint puist ann go dtí an tríú lá déag. Fuaireas mo *ghratification d'entrée en campagne*, 800 L=£32 sterling.

Márta 11, 12.—D'éiligheas indiu agus fuaireas órdú i gcómhair arriars ó chéad lá Nivose. Ar imeall an órdaithe thugas an nóta so fé ndeara : "*Nota.—L'activité et le grande utilité de cet officer, ont été attestées par le Bureau des officiers généraux.*" Tá san ar fheabhas.

[*Leitir chun Mrs. Tone.*]

PARIS, *Márta* 10, 1797.

A GHRÁDH MO CHROIDHE AGUS M'ANMA : Ar an nóimeat so iseadh fuaireas do leitir agus féach a luaithe mé ag preabadh chun í a fhreagairt. Ná ceap di seo, ámh, ach gur réamhrádh í ar cheann eile a bheidh 'na diaidh i gcionn a ceathair nó a cúig de laethe. Ní foláir liom tosnú leis an scéal is goire dhom chroidhe, do shláinte-se. Táim 'ghá athchuinghe ort, a sholus mo shúl agus a chuisle mo chroidhe, aire thar barr a thabhairt duit féin. Is maith is eol duit nach beo mé ach maidir led mhaitheas-sa agus bíodh gur áil liom go mairfá-sa agus go dtiubharthá aire d'ár mbáibíní, pé ní imeochaidh orm-sa, braithim, ar an am gcéadna go bhfuil cómhairle d'á thabhairt agam ná fuil de neart ionnam féin a dhéanamh. Is eol duit an chómhacht atá ag an aigne ar an gcabhail ; ceap duit féin go bhfuilir ar fheabhas; áirimh duit féin sírmhéadú mo mheasa-sa ar do chuid sobháilcí, agus mo ghrádh dod phearsain ; cuimhnigh ar m'annsacht duit—ach is beag an ní sin ; cuimhnigh ná mairfinn gan tú ; féach ár leanbhaí beaga, go bhfuil sé d'aoibhneas ort-sa iad a bheith id thimcheall ; cuimhnigh go bhfuil m'anam i ngeall leat-sa agus leo-san, agus—ach cad chuige a thuille a rádh ; is eol dom do ghrádh dhom, agus do mhisneach. Déanfam araon mar ba mhaise dhúinn.

Ar léigheadh do ghearánta dhom tá sé de shólás dhuairc ann a fhios a bheith agam ná fuil an galar is uathmhaire dhíobh go léir, agus ba mhó b'eagal liom, ag gabháil duit ; buidheachas le Dia ná fuil aon chasachtach ort ! Dá mbeinn id theannta, ba dheimhin liom, idir m' aire dhuit agus m'oideasaí leighis (agus dar liom, id

chás-sa, go ndéanfadh togha fir leighis díom), nárbh fhada gurbh é m'áthas mór tú bheith arís agam id sheanshláinte. Bíodh a dheimhne agat go ndéanfad sáirdhícheall d'fhonn dul chugat; ach muna n-éirighidh liom (gan milleadh clú, rud nárbh áil leat-sa, agus ná fulaingeochainn-se) caithfeam gabháil d'ár ndeoin le bheith scartha go ceann beagán eile míos, agus, tar éis ar fhulaingeamar go fada minic cheana, ní miste dhúinn cur suas leis. Ar an lá so féin tá toil tugtha ag an Árdchómhairle Riaracháin le hainmniú an *Taoisigh Hoche*, agus táim-se, d'acht is d'áirithe, im Thaoiseach Conganta chun bheith in arm Shambre agus Meuse. Is féidir, ar ró-éigean, dom arthú, nó ar a luighead mo dhul don arm a chur ar athló go ceann tamaill, agus san gcás san bí deimhnitheach go raghad dod iarraidh; muna n-éirighidh liom an socrú san a dhéanamh cuirfead mo mhuinghin as do mhisneach chun fulang le scarúint nach fiú a áireamh é i gcomparáid le n-a bhfuil fulangtha cheana againn.

Tá ceapaithe agam an tseachtain seo chugainn a chaitheamh d'iarraidh an bhféadfainn, gan col oinigh, an t-arm a sheachaint, agus b'fhéidir go n-éireochadh liom, ar éigean, é dhéanamh, agus, má éirigheann, siúd ar eitilt mé "*upon the wings of love in the Exeter wagon*," chun dul chugat féin agus na daoine go bhfuil cion mo chroidhe ortha; má theipeann orm teipfidh, agus mar seo nó mar siúd, scríobhfad láithreach chugat tuairisc an scéil; ach cuimhnigh, a ghrádh bhán mh'anma, do réir mar atá annso agam, go bhfuil tús ag mo dhualgas ar gach ní eile agus go gcaithfidh a bheith.

Is aoibhinn liom aithfhéachaint ar do leitir (*malgré* abairtí áirithe ann). "*Jack thou'rt a—, thou'rt a—, thou'rt a toper, let's have t'other quart.*" (Athchuinghim ort guth ceoil a chur leis sin nó raghaidh deiseacht an aithfhriotail ar bóiléagair). Cad é, an dóigh leat, a thabharfainn ar bhuidéal a chnagadh id theannta féin is Máire anocht? Dála an scéil is éadmhar an dá chat sibh: mar bhí agam san leitir deiridh a chuireas chuici-se aithfhriotail éagsúla gurbh fhiú a meádhchan féin d'ór iad, agus ní raibh de mhacántacht i n-aoinne agaibh tagairt dóibh, bíodh gur bhaineadar gáiridhe ós meon asam-sa le linn a scríobhtha, bhur ndála féin, dar liom, le linn a léighte dhaoibh; ach chím gur *chreim an t-éad nimhe an t-anam i nbhúr lár*; eadrainn féin maoidhim oraibh an "*ten pounds five shillings and two pence*," agus admhuighim go mba chóir an cheannach é ar a raibh de thagarthacht san leitir úd agam. 'Seadh is eol do Dhia an croidhe; (Gabhann) "*When as I sat in Pabilon—and a*

thousand vagrant posies ; Passion of my heart, I have a greater mind to cry."

Márta 11.—Is eadh mar atá ag an leitir seo, gur thosnuigheas araer uirthi, ná dála gach úirscéil deighscríobhtha, agus ortha san, muna dearmhadach mé, tá *Belmont Castle*, mar a bhfaghair i gcómhnaidhe dhá dháta nó trí i ngach leitir. Má thaithnigheann leat féin níl locht ar domhan agam-sa ar tú a dhul ar chuaird go tigh an Aire : mar is deimhin liom ó'n treo 'na bhfuilir fé láthair, nár cheart duit aon aoibhneas cóir a dhiúltú ort féin, agus is ní cóir agus ní galánta é sin d'aon iarracht. Ní gábhadh a chur i n-úil duit ar an am gcéadna nár mhór duit bheith rí-áirdeallach id iomchur ar gach cuma agus iomad fáth leis ; ach is neimhriachtanach so.

D'á mhéid a chuimhnighim air iseadh is lugha a cheapaim go bhféadfad dul ag triall ort sul a mbí deireadh leis an slógadh so. "*Madam, you know my trade is war.*" Mar sin féin ní hé is áil liom tú bheith fé ghlas i Hamburg, munab áil leat féin sin. I dtosach na Bealtaine má bhraithir do neart féadfair teacht d'fhairrge go Havre de Grace, i n-árthach éigin neodrúil, do réir mar shocróchaidh Mr. Giauque dhuit agus as san go Paris, nó cur fút i gcómhair an tsamhraidh i gceann de na sráidbhailte i n-aice na fairrge do réir mar is fearr oirfidh duit ; ach sochrócham so uair eile. Cad tá déanta agat led bhille ar Lonndain ? Is dócha gur eol duit fé'n taca so go bhfuil Bannc Shasana tar éis diúltú d'íoc, agus a fhios do Dhia cad é mearbhall a dhéanfaidh san i dtráchtáil an domhain ; b'fhéidir go gcaillfimís a bhfuil againn agus b'aoibhinn dúinn sin ; innis dom 'na thaobh so san gcéad leitir eile. Do chuireas leitir ar shlí nach baoghal do go hAmerica go Mac Rághnaill agus Maitiú agus d'fhágas fútha-san an dtiocfaidh an dara duine sin aca anall nó ná tiocfaidh. An diúlach ; dá mbeadh sé annso anois dhéanfainn Aid-de-Camp agam féin de ar labhairt aonfhocail. Ní tháinig leitreacha Mhr.Wilson ar aon chor. A ghrádh bhán, ní fhéadaim a innsint duit a thuirsighe atáim de'n scarúint síor so agus an cíocras atá orm tú féin agus na báibíní d'fheicsint arís. Do mhalartóchainn a lán de'n onóir anois ar bheagán de sheascaireacht teinteáin, ach cad tá agam le déanamh ? Tuigeann tusa an dualgas atá orm agus ní gábhadh a thuille a rádh. Is eol duit go bhfuilim anois ar thuarastal ag an bPoblacht. (Gabhann) "*Here is a guinea and a crown, beside the Lord knows what renown,*" agus, farais sin,— ach cá gábhadh dhom iomad fáth d'áireamh, tá m'iontaoibh de shíor as do chuid misnigh agus bí deimhnitheach, maidir liom-sa, ná

cuirfead mé féin i n-aon bhaoghal nach gábhadh; beidh an slógadh, leis, b'fhéidir síothach go leor ar ár dtaobh-na, mar is san Iodáil, de dheallramh, a tabharfar an sunnc mór. Caithfead líne a scríobhadh go dtí Bab mar chríochnú léi seo. Beannacht ó Dhia ort. Scríobhfad arís i gcionn seachtaine, ach freagair-se, san eadramh, í seo.

J. SMITH.

A Bháibín Chroidhe: Ní fhéadaim a innsint duit an t-áthas a bhí orm nuair a fuaireas leitir ó Mhama agus aguisín uait-se léi. Is breágh liom go bhfuil na buachaillí sin agat go maith agus iad deighiomchurach; tá súil agam ná leigfidh tú do Liam a athair a dhearmhad: maidir le *Sir Fantom*, is ar éigean fhéadfainn a dheimhniú dhom féin go gcuimhneochaidh súd orm. Tabhair aire ó thalamh dod Mhama chroidhe, mar tá 'fhios agat ná fuil aoinne ar domhan is annsa liom féin agus leat-sa ná í; thar gach ní eile, ná leig slaghdán 'na gaobhar. An bhfuil aon leabhair agat chun ábhacht duit féin? Cenus a thaithnigheann Hamburgh leat? Cá háit gurbh fhearr leat bheith ann, annsan nó i bPrinceton? Scríobh chugam an túisce gheobhair é seo. Beannacht Dé dhuit, a bháibín chroidhe.

J. SMITH.

Márta 13, 14, 15, 16, 17, 18, 19, 20.—Chun dinnéir indiu i dteannta Cherin atá ag gluaiseacht anocht fé dhéin airm Shambre et Meuse. Tá coinne agam le bheith 'na dhiaidh fé chionn seachtaine ar an gcuid is sia dhe mar tá geallta dhom go mbeidh mo *frais de route* agam fé'n am san.

Tar éis dínnéir thána abhaile agus shuidheas tamall im aonar agus an míchéadfadh am chreimeadh. D'oscluigheas mo chrinlín agus léigheas leitreacha uile mo mhúirnín chroidhe arís. Is iad mo thaca síorbhuan iad, ach le déannaighe tá scannradh croidhe orm i dtaobh a sláinte. Dá mbeadh sé de'n mhíorath orm í a chailliúint ní dóigh go mairfinn 'na dhiaidh sin, agus annsan cad d'imeochadh ar ár mbáibíní beaga caithiseacha? Na créatúirí beaga cumainn, tá cion mo chroidhe ortha. Mo Mharia bhocht; tá dhá aguisín leitreach 'na scríbhinn sin agam; níl innsint scéil ar mhéid mo cheana ortha uile; an mbéarfaidh sé d'ádh choidhche orm iad d'fheicsint arís? 'Seadh, caithfead an machtnamh san a chur uaim. Do chuireas fios ar liomóid agus siúicre agus mé beartaithe bheith i riocht Lord

B. is a rádh "*I must have my punch.*" Och! gan mo ghrádh bán ar an taobh eile 'bhórd mar a bhfuilim 'ghá scríobhadh so. "*Quanquam oh!*"

Tá rud amháin a thugas dom uidh is dom aire anocht agus na céadta uair cheana ó thána do'n Fhrainnc, mar atá: "*nach fearrde fear é bheith 'na aonar.*" Dá mbeadh an Ruiséallach, mo chara cumainn agus an mhí-áidh, faram am chómhairliú gach tráth níl amhras agam ná go mb'fhearr go mór a dhéanfainn beart, agus gan amhras ar bith ba shuairce de go mór mo shaoghal é. Do léigheas a lán de déannaighe, ach ba bheag sochar é. Le linn léighte dhom, buaileann rud m'aigne, tá go maith, ach níl duine agam go 'nneosainn do é; ní fhéadaim a chur fé dhíospóireacht ná a chuspóir críche d'aimsiú. I gcionn uair a chluig, sin caillte é agus é scartha lem chuimhne-se; ach dá mbeadh cara im chómhgar chun fios m'aigne thabhairt do, bheadh an rud 'na scéal bunúsach. Ní dem chionntaibh-se an méid sin. Ar ar fhulaingeas d'uireasbhaidh riamh is é is géire ghoill orm ná bheith 'cheal carad ó thána do'n Fhrainnc go bhféadfainn rún mo chroidhe a scaoileadh leis. Dá mbeadh Liam, dá mbeadh Maitiú, dá mbeadh an Ruiséallach annso nár mhór an t-atharrach treo orm-sa anocht é. 'Seadh, tabharfad mo leabadh neimhsheascair orm; dar mo bhriathar táim tuirseach dem shaoghal.

Márta 21, 22, 23, 24.—Fuaireas indiu óm dheirfír leitir atá tar éis mé chur go mór ar buairt. Tá eagla mo chroidhe orm go gcaillfead mo chéile róchumainn; ní fhéadaim scríobhadh.

Márta 25.—Do scríobhas chun mo mhná agus mo dheirféar is do gheallas dul chuca i gcionn míosa dá mb'fhéidir; chuireas ionad i n-áirithe dhom féin san *diligence* go Liège i gcómhair an 29adh lae, óir fuaireas an *frais de route* indé.

[*Leitir chun Mrs. Tone.*]

PARIS, *Márta* 25, 1797.

A MHÚIRNÍN CHROIDHE: Do scríobhas chugat, ar an dara lá déag is dóigh liom agus ba cheart d'á réir sin go mbeadh mo leitir fachta indiu agat. Do gheallas go scríobhfainn arís chugat sula n-imighinn ó Pharis agus féach mé ag cóimhlíonadh mo gheallúna. Fuaireas indé órdú dul do'n arm, agus airgead i gcómhair costaisí, agus bhí coinne agam le gluaiseacht indiu ach go mhí-ádhmharach bhí gach ionad san diligence fostaithe agus chuir san, agus ullmhúcháin bheaga atá le déanamh agam, moill orm; pé scéal é tá suidheachán fostaithe agam i gcómhair an 29adh lae, agus níl ach cheithre

lá san deifridheacht, agus tá súil agam le bheith i gCologne fé'n treas lá de'n mhí seo chugainn. Ní sia dul ó Chologne go Hamburgh ná ó Nua Eabhrac go Paris, agus an túisce chífead an Taoiseach Hoche iarrfad cead dul dod fhéachaint, agus is ar éigean, dar liom, a eiteochaidh sé mé, ar fáth a léireochad duit nuair bhead ag cainnt leat, rud a bhainfidh dúinn tá súil le Dia agam tuairim deireadh an Aibreáin seo chugainn ar a dhéannaighe, mar atá, mí ó'n tráth so. A ghrádh mh' anma, ní fhéadfá a mheas an neamhfhoidhne atá orm chun dul ag triall ort féin is na báibíní beaga arís—neamhfhoidhne gur móide míle uair é an t-imshníomh síorraidhe atá orm i dtaobh do shláinte ; tá míoshonas ná féadfainn a innsint orm 'na thaobh san. Tá súil agam go dtugann tú aire dhuit féin agus gur loirgighis cómhairle, má's gábhadh san, bíodh gur dóigh liom, tar éis an tsaoghail, gur mé féin an liagh is fearr a gheobhthá. Má éirigheann liom an socrú úd a cheapaim a dhéanamh leis an Taoiseach, fanfad go ceann dhá mhí b'fhéidir nó fós a trí i Hamburgh, agus annsan bhéarfad tú féin agus na daoine beaga liom do'n Fhrainnc, agus tabharfam turas aoibhinn tríd an Hollainn agus an Ísiltír, le linn na soininne ; ach d'fhonn an turas réamhráidhte a thabhairt is róriachtanach go mbeadh do shláinte ar fheabhas agat agus do mheanma, *go mórmór*, go bríomhar. Tá na céadta mionrudaí agam le déanamh sula n-imighead agus caithfir bheith sásta le leitir rógheárr, ach nach gábhadh dhuit í fhreagairt de bhrí na bhfáth atá luaidhte annso rómham agam cheana. *"Oh, I have business would employ an age and have not half an hour to do it in."* Beannacht leat, a ghrádh mo chroidhe agus m'anma, agus a sholus mo shúl ; beidh lán mála de scéalta agam duit nuair bhuailfeam le 'chéile. Och nach orm-sa atá an cíocras chun na teagmhála san ! Beannacht Dé an Uilechómhacht go bráth ort ad choimeád dómh-sa agus d'ár mbáibíní caithis !

Le cion go bráth ort,

J. S.

A. BHÁIBÍN CHROIDHE : Do scríobhas beagán línte chugat im leitir dheiridh agus tá súil agam gur shroicheadar slán tú. Póg do Mhama thar mo cheann deich míle uair, agus na Daffs beaga, na ruidíní gránna ! Tá 'fhios agam gur fuath leat iad, agus t'athair. Ach cad a bheidh le rádh agat maidean bhreágh éigin nuair a bhuailfead isteach agus bhéarfad oraibh go léir le 'chéile ? An bhfuil 'fhios agat go bhfuilim le dul go Hamburgh go luath agus go mbail-

eochad liom sibh go léir go Paris agus go mbeidh treo aoibhinn oraibh? An mbeidh tú ceannúil annsan orm, a rud ghránna ? Tá súil agam go ndeineann tú banaltracht ar do Mhama bhocht dhílis ar mo shon-sa, mar is annsa liom í ná tusa, a bhábáin chailín—tá cion mo chroidhe agam oraibh uile, a rudaí beaga. Beannacht Dé an Uile-chómhacht ort, a leinbhín liúm thú.

T'athair ceanúil,
J.S.

Ná habair le duine beo go bhfuil súil agat liom i Hamburgh, agus ná bíodh buairt ort muna mbím ann ar an uair adubhart ; b'fhéidir go raghadh sé beagán laethe thairis sin ; ach inneosaidh do chiall mhaith féin an méid sin duit. Beannacht chugat arís.

J.S.

An Turas go Cologne.

Márta 26, 27, 28. Bán.

Márta 29.—Do ghluaisigheas ó Pharis ar a trí um thráthnóna san diligence fé dhéin Liège ; gluaiseacht ar feadh na hoidhche.

PARIS, *Márta* 29, 1797.

A GHRÁDH CHROIDHE : Do scríobhas chugat an 25 lá 'ghá innsint go rabhas le himeacht go luath ó Pharis. Tá mo chúraimí go léir socair annso agam agus ar a trí a chlog indiu bead ag gluaiseacht go Liège, imeochad as san go Cologne díreach ; is dócha go sroich-fead Cologne i gcionn ocht lá, agus ní túisce shroichfead é ná déanfad socrú chun dul chugat-sa chómh luath agus is féidir. Is ar éigean, measaim, a dhiúltóchar mé agus bí deimhnitheach de ná coimeád-faidh aon ní uait me fé bhun órdú diongbhálta chun fanúint abhfus ; ar an am gcéadna nílim 'ghá cheilt ort go bhfuil géilleadh mór d'á dhéanamh agam is beart mar siúd a dhéanamh, rud ná déanfainn a leithéid muna mbeadh an imnidhe dofhulangtha a bhraithim i dtaobh do shláinte ; ach nuair atá sé sin san treis, dhiúltóchainn do'n tsaoghal go léir ar do shon.

Fuaireas do leitir, agus seoladh Thomáis bhoicht, dhá lá ó shin ; b' fhada ag teacht í mar bhí dáta an treas lae uirthi. Ba mhaith liom go gcuirfá mo bhuidheachas i n-úil do Mhr. Wilson as ucht an méid duaidh a chuir sé air féin ag déanamh macscríbhinne de leitir an Ruiséallaigh. An birtín a seoladh chuige ní tháinig riamh chun láimhe.

Is é Monsieur Benard, an té a thug do leitir dheiridh dom, atá 'na chóimhfhreagarthach i bParis ag Giauque, agus labhair sé liom i dtaobh a éilimh siúd (éileamh Giauque) i n-aghaidh Rialtais na Frainnce agus dubhairt sé liom go raibh eadarghnó ar siubhal aige le duine go raibh cómhacht annso aige nó a leig san air, agus a gheall cabhair do chun an t-airgead d'fhagháil. Níor cheileas mo thuairim ar Mhonsieur Benard : mar is eol dom Paris a bheith lomalán de chladhairí, go mórmór de'n dream san, dála Mhr. Lofty, a leigeann ortha go bhfuil cómhacht aca maidir le daoine ná feacadar riamh ; ionnus go dtug an Árdchómhairle agus na hAirí go minic rabhadh do'n phobal ins na páipéir bheith ar a n-aire i n-aghaidh a leithéidí, Ba mhaith liom d'á bhrí sin, muna bhfuil deimhniú ag Giauque go bhfuil bealach fónta gan baoghal aimsithe aige, go n-éireochadh sé as a thuille lorgaireachta nó go gcasad-sa go Paris, go mórmór ó tá coinne agam go bhfeicfead 'na phearsain é fé chionn mí nó sé seachtaine ; b'fhéidir go bhféadfainn áis éigin a dhéanamh do ; ach, pé scéal é, beidh a dheimhne aige go mbeidh a ghnóthaí ar láimh ag duine go bhféadfaidh sé muinghin a chur as. Táim ag scríobhadh 'na thaobh san chuige ó thárlaidh an chaoi so agam.

Toisc gur gearr ó scríobhas cheana chugat níl a thuille le rádh agam. A ghrádh liúm thú, bíodh misneach agat agus bí id shláinte agus faghaim thu ag dul i dtreise agus i bhfeabhas i n-aghaidh an lae. Is annsa liom deich míle uair tú féin agus na daoine beaga ná an saoghal go léir; póg iad ar fad thar mo cheann-sa agus gráidh mé choidhche fé mar ghrádhaim-se tusa.

J. S.

Ná habair focal le haoinne beo i dtaobh mo thurais-se go Hamburgh mar bead ar neamhaithne dhlúth ann, agus tabhair rabhadh d'á réir do Ghiauque agus do Mháire, *Mo ghean do Shaul is do'n chailín.*

A rud ghránna. Is mór mo ghrádh dhuit.

A Bhábáin : Póg do bhuachaillí beaga míle uair dom, agus tabhair aire do Mhama bhocht mar gur mór é ár gcion araon uirthi. Measaim go bhfeicfead i gcionn mí thú. Beannacht Dé ort.

J. S.

Márta 30.—Bricfeast i Soissons ; suipéar i Rheims, agus ó'n mbeagán a chonnac de is aoibhinn an ball é ; thugas cuaird ar an Áirdeaglais mar a ndeintaí Ríthe na Frainnce do choisreagan ; foirgneamh uasal Gotach é,ach déarfainn go mbeidh tamall ann sula bhfeictar radharc an deasgnátha san arís ann ; d'ólas roinnt de

champaign dearg a bhí thar barr, go dtugtar *Vin Rosé* air, agus ghluaisigheamar; an oidhche go léir ar bóthar.

Márta 31.—Dinnéar i Launay, sráidbhaile, agus thánamar tráthnóna go Mézières, go tuirseach traochta; chun leabthan go luath agus codladh gaiscidhigh go maidean.

Aibreán 1.—Codladh i Rocroy, ionad an chatha do buadhadh san mbliain 1643 le Condé mórchlú, mar ar ídigh sé troighthigh na Spáine agus mar ar chuir, leis sin, atharrach dána i n-áirithe do'n Eoraip. Ba cheart dom a rádh cheana gur ghabhamar thar Meuse ag Mézières, áit ná fuil móirthéagar innti. Tá Champagne treasnaithe anois agam agus gan aon ní suaithinseach feicithe agam; dúthaigh chomhthrom í, gan aon ní inspéiseach innti ach an chuireadóireacht thar barr. Is í Rheims féin an rud is fearr ann.

Aibreán 2.—Codladh i nGivet, go bhfuil Charlemont ós a chionn suas, áit, mar mheasaim, nárbh fhéidir a ghabháil de bhrí é bheith suidhte ar charraig dhorochtaithe. Tá trí cinn de bharraicí breághtha i nGivet, ceann i gcómhair marcraidhe agus dhá cheann do throighthigh. I dtosach an chogaidh tháinig na hOstraigh chómh fada leis na cnuic ar aghaidh Ghivet, ach ar fheicsint Charlemont dóibh le n-a ngloiní cianradhairc, d'fhág sé neamhfhonn chómh mór san ortha gur chúluigheadar go luath. Do ghabhamar thar Meuse arís. Í sin ag éirghe inspéiseach. Puirt árda ar gach taobh agus iad fé choillte i n-iomad áit. Do ghabhamar thar Chateau leis an té ba Dhiúic de Beaufort tráth agus go raibh deighchéill a dhóthain aige gan dul ar imirce. Is aoibhinn an ball é ar bhruach na habhann, an ithir go sárshaidhbhir agus í saothraithe ar fheabhas, agus gur maith an eadarchomparáid do na carraigeacha árda a éirigheann go géardhíreach lom ar an bport thall go haoirde thar meon. Do bhuaileamar isteach i bhforaois Ardennes, rud a thug Touchstone láithreach chun mo chuimhne: "*Well, now I am in Ardennes the more fool I; when I was at home I was in a better place.*" Bóthar dona diail, ach tír álainn thar innsint. Dinnéar i bhForay. Níl oidhre ar Llangollen ach é; ní fheaca riamh áit ba chosúla ná é le radharc tíre san mBreatain Bhig, le cnuic, is coillte, is uisce.

Aibreán 3.—Bricfeast i nDinant agus ar an mbóthar go dtí sin, láimh le bruach Meuse, tá binn carraige go bhfuil aoirde ádhbhalmhór innti. Gabhann an bóthar idir an mbinn sin agus carn mór líog ar an taobh eile agus níl, measaim, thar troigh fara leithead an chóiste de shlí ann; b'é Louis XIV a dhein an bóthar ann. Ós cómhair Dinant anonn atá Bouvines. Dúthaigh chlasacach ar chuma í sco

d'oifigeach Franncach. Ó dhul go deireannach dom thar Meuse tá deallramh Pléimionnach ag teacht ar rudaí; ghabhamar tré Chiney, mar a raibh aonach, agus níor neamhchosúil le haonach i Sasana nó i nÉirinn é; chun suain i bhFreneux.

Aibreán 4.—Thar Meuse arís agus sroichsint go Liège timcheall a deich a chlog; ar an mbóthar i n-aice Liège tá mainistir álainn Benedictíneach atá 'na phálás dáiríribh. Fé láthair, ámh, tá greim diamhaslúil na bhFranncach ar fhagháltaisí na Mainistreach, agus mar sin ní fheadar conus tá na hAithreacha Oirmhidneacha ag cur díobh. Ag teacht i gcómhgar Liège dom do cuireadh Birmingham i gcuimhne dhom; ní hamhlaidh gur ionann deilbh na tíre, ach go bhfuil, san dá áit, cuid mhór d'áruisí niata tuaithe agus cóir shlachtmhar ortha, go bhfuil na páirceanna deighleasaithe agus na gáirdíní saothruithe thar barr. Cómhartha é sin go bhfuil an lucht áitreabhtha ar a suaimhneas fé mar is gnáth a bheith i mbailtibh móra déantús. Is dona salach an ball Liège féin; tá deallramh conbhente ar Phálás an Phrionnsa Easpoig; foirgneamh cearnógach é, cúirt oscailte 'na lár agus arcade ar a shliosa san agus siopaí beaga ann de gach saghas; dála an scéil sin féin tá, san bPalais Royal féin i bParis, úrlár na talmhan d'árus Dhiúic Orléan fé shiopaí, rud a chuir iongnadh go minic orm. Ní cheadóchadh uasal Sasanach gnó chómh míoghradamúil a bheith ar siubhal laistigh de'n phálás.

Do ghabhas timcheall an bhaile mhóir. Ní mór le spéis atá ann ach a mbíonn de bhuachaillí beaga ag pimpireacht ann agus is iad a láimhsigheann na *caduceus* go cliste. Deinid strainséirí a chluicheadh ag gach cúinne; ní túisce thagann sé ná go mbíonn triúr nó ceathrar 'na thimcheall: "*Monsieur, monsieur! voulez vous que je vous conduise; Quinze ans; quinze ans; la plus jolie femme de la ville.*" Agus bhí Liège riamh fé Rialú Eaglasta. Do bhí an tÁirdteampall go hálainn, d'airigheas, ach réab na Franncaigh é agus níl ann anois ach ciolarchiot. I bPálás an Easpoig iseadh tionóltar na cúirteanna dlí, ⁊rl Do chaitheas suipéar fara Pólach dárbh ainm Mokosky, a bhí 'na rúnaidhe ag Kosciusko; chuireas spéis mhór ann agus gurbh é cosúlacht ár gcáis araon fé ndeara cuid de sin, b'fhéidir; sinn araon ar ionnarbadh ó n-ár dtír dhúthchais agus sinn ag lorg tearmainn san bhFrainnc agus an fáth céadna againn leis; dheineas áirneán 'na theannta; b'é an t-aon tráthnóna le taithneamh a chaitheas é le linn mo thurais; taithnigheann sé go mór liom; tá Kosciusko 'na Dhia adhartha aige, agus do réir a

thuairisce siúd air is duine de'n áirdchéim é ; mhúscail a chómhrádh na mílte rud as an nua im aigne 'Seadh scaoilim tharm an scéal san go fóill ; tá tráth cóir do gach ní ; agus b'fhéidír go dtiocfadh mo thráth-sa fós. Tá an dúthaigh timcheall Liège, agus go mórmór gáirdín na *mbourgeois*, saothruithe ar fheabhas an domhain. Go dtí so fós ní léir dom aon rian de mhillteoireacht chogaidh ach cuid de cheann de na fauxbourga a loiteadh le pléir na nOstrach.

Aibreán 5.—Do threasnuigheamar Diúicfhearann Limbourg; talamh shaidhbhir chóimhíseal, agus ní glaise féar i nÉirinn féin ná ann, agus cuireadóireacht chómh cruinn baileach air is ná feaca a shárú san gcuid is breághtha de Shasana féin. Tá téagar agus aoirde ins na tuathanaigh ann, go deighbidh, deighéadaigh ; smoc a chaitheann a n-urmhór ; árusa deighdhéanaimh iseadh tighthe na bhfeirmeoirí ann agus tá deallramh forusta flúirseach ar gach ní ; tugtar aire thar barr do na capaill ann agus a fhaid ar a ghoireacht, samhluigheadh dom bheith i lár na coda ba bhreághtha de Yorkshire; ach an bhuaidh bheith ag Limbourg maidir le curadóireacht. Do shroicheamar tráthnóna Aix-la-Chapelle, ach bhí ródhéannach chun aon ní fheicsint. Cruth Gearmánach ar gach ní anois.

Aibreán 6.—Ar siubhal ar maidin i gcarráiste béaloscailte agus an ghaoth im aghaidh, agus brúchtghail sneachtaidh, treasna tré Dhiúicfhearann Juliers ; dúthaigh arbhair, deaghshaothraithe, ach gan aon bhreith aige ar Limbourg i ndeallramh nithe ann, go mórmór maidir le tighthe feirmeoirí, mar is suarach an saghas i Juliers iad, agus ag dul i n-olcas dóibh do réir mar bhím ag druidim le Cologne, baile gur shroicheamar ann ar a sé tráthnóna. *Hic finis longæ, chartæque viæque*

Is iongnadh liom a luighead nithe bhuail im aigne le cur síos ; go dearbhtha, macsamhail iseadh mo dhialann de ráidhteasaí Kid Codling. "*Memorandum, feathers will swim in the salt sea*," ach tá iomad fáth i gcómhar le chéile a bheir dom thuras bheith ar bheagán scéil. Ar dtúis tá m'aigne a bheith lán d'imnidhe i dtaobh sláinte mo mhná croidhe, is gan smaoineamh eile ann. Níor mhiste a rádh, nár scar sí ar feadh nóimite lem smaointe ó fhágas Paris, agus ní fhéadfainn cur síos ar a mhíoshonaidhe atáim d'á cionn. Is í taithneamh mo shúl í, aoibheas mo chroidhe í, cuspa aonair mo bheathadh í. Táim ar na stártha le grádh dhi. Táimíd pósta anois le dhá bhliain déag beagnach agus is mó mo ghrádh míle uair anois di ná le linn trátha ár bpósta. Och, a anam is a ghrádh thú ! cad a dhéan-

fainn dá mbeadh de mhí-ádh orm tú chailliúint. Deinim, má fhéadaim, ruagairt ar an machtnamh gránna san! Ar an dara ásca tuigim ná fuil tallann an bhreithnithe agam, nó an t-eolas b'fhéidir, nó, neachtar aca, an léightheoireacht déanta agam ba riachtanach : mar tugaim fé ndeara maidir le hiomthurasanna, agus le leabhra leis, fé mar adeir Sterne 'ghá gcóimhmheas, gur ar cóimh-dhéanamh a déantar iad féin agus meascáin poiticéaraithe ; bheith 'á ndortadh ó árthach go 'chéile. Tá chúig céad Vade mecum le n-a bhféadfadh aon duine tuairisc iomthurais a scríobhadh, ach im thaobh-sa dhe táim lomscriosta, is ná fuil agam fiú an *Livre des Postes*. Is de dheascaibh an easnaimh sin go bhfuil agam, i ndialainn an dara lae de'n mhí seo, Fumay* curtha agam i ndiaidh Givet, agus ná beadh ag aon iomthurastóir deigheolais, a chuirfeadh de dhuadh air féin é, gan corruighe ó'n teine, a shúile d'oscailt agus féachaint ar an léarscáil agus chífidh sé gurab é Firmay* atá chun tosaigh ar Givet ; agus leis sin go ndearna-sa botún domhaithte i dtíreolas go mba thrúig amhrais a leithéid i n-aigne daoine neimhleithleacha ciaca fíor bréagach é go dtugas aon chuaird riamh ar na dúithchí fáin sin go mbím ag tagairt dóibh. Agus fáth eile, táim im aonar gan daonnaidhe agam go labharfainn leis go mb'fhiú liom náda é, ná go mb'fhiú leis-sin mise ach 'oiread. Dá mba liom iomthuras na hEorpa thabhairt chun mo thola, bheadh mar *chompagnons de voyage* agam mo bhean, an Ruiséallach agus Seoirse Knox. Dob aoibhinn go deo an gasra iad. Tá cion croidhe ar Sheoirse Knox agam agus maidir lem mhnaoi agus leis an Ruiséallach, is cuid dem bheathaidh féin iad. 'Seadh! ar theacht na síothchána chífear a thuille. Agus cuir leis na fátha san go rabhas dúnta istigh ó thúis deireadh i *ndiligence* mallaithe, áit ná raibh radharc ar aon ní, agus nuair a thagaimís istoidhche go ceann cúrsa bhínn de ghnáth tuirse-ach, tnáithte, agus b'é b'fhada liom go mbaininn an leabadh amach. Cómhairlighim, d'á bhrí sin, dom mhúirnín croidhe agus dom bháibíní beaga, mar gur dóibh sin amháin agus do'n Ruiséallach atáim ag scríobhadh na meamram so, na tuairiscí iomthuras thar áireamh a léigheadh atá scríobhtha agus a scríobhfar fós, ar chuaird san bhFrainnc agus san Ísiltír, d'iarraidh an eolais atá chómh náiriúil sin i n-easnamh orm-sa, bíodh go bhfuil a hocht nó a naoi de laethe caithte agam i gcóiste an taistil idir Pharis agus Cologne agus, ar a luighead, cheithre céad míle siubhalta agam de thriúch na Poblachta.

* Feray, Fumay, Firmay, tá an trí cinéal litrithe san mbuinleabhar.

XXIX

TONE SAN HOLLAINN D'IARRAIDH A MHUINNTIRE.

1797—AIBREÁN 7 GO BEALTAINE 7.

Cologne. Bonn. Tone d'iarraidh dul go Hamburgh. Geallúint Hoche go dtiubharthaí arís agus arís eile fé dhul go hÉirinn. Cuaird ar na hEaglaisí i gCologne. Leitir chun Mrs. Tone. Gluaiseacht ó Chologne d'iarraidh a mhuinntire. Tuairisc na mbailte agus na dúthaighe ar an slí—Guelders, Nimeguen, Utrecht, Amsterdam, An Hague. Eachtraithe éagsúla a bhain do ar an turas, agus a thuairimí i dtaobh iomad rudaí. Teagmháil le n-a mhuinntir i nGroninguen.

Aibreán 7.—Cologne (Sin é, mar mheasaim, stíl fíor an iomthurastóra nua-aimsire). Ní fheicim fós i gCologne aon ní suaithinseach. Do chuas i dteannta an Taoisigh Chonganta Gastines, a bhí 'na chómhthaistealach agam, go dtí an *Quartier Général*. An Taoiseach ró ghnóthach agus ní fhéadfaimís dul chuige, ach chuir sé cuireadh chugainn chun dinnéir. Dinnéar suairc é. Do bheinn féin chómh suairc le hImpire muna mbeadh an imnidhe atá ag méadú orm i dtaobh rúin mo chroidhe agus m'anma, agus a bhíonn ar bíogadh an uile nóimeat trém aigne. Má bhraithim mé féin nóimeat ar tí taithneamh a bhaint as aon ní preabann an smaoineamh nimhe sin chugam agus leagann ar lár gan mhoill mé. Táim ar aiste dhochraideach ar an nóimeat so; díreach le tionnscnamh an tslógaidh ní mór dom, má fhéadaim é gan col onóra, an t-arm a thréigean, nó má fhanaim is i bhfiúntar báis mo mhná é, an rud dob uathbhásaighe liom ar bith, agus beidh mo thriúr leanbhaí beaga i Hamburgh gan caomhnadh athar ná máthar, ag braith ar mhuinnteardhas mo dheirféar atá ag braith í féin ar a fear céile nach aithnid do mise thar fear coigcríche. Scéal uathbháis é! Tá scríobhtha agam fé dhó cheana go raghad chuici ó Chologne má fhéadaim. Caithfead a fhéachaint anois conus is féidir é sin a dhéanamh gan col oinigh; muna féidir é dhéanamh gan col oinigh, ní hé mo chionnta-sa annsan é, agus san gcás san má's bás dúinn go léir é, bíodh aige. Níl aon leigheas air. Tá m'aigne d'á réabadh anocht ag na mílte smaoineamh conntrártha, agus ní heol dom cad é go

gcinnfead air, agus táim im dhíol truaighe dáiríribh. Do chuas go dtí an Taispeánadh 'cheal a mhalairt de dhíomhaointeas. Do chonnac ablóireacht d'á dhéanamh ar *Œdipe à Colone;* dubhairt fear briathairchleas cuirbthighe bhí laistiar díom gurbh *Œdipe à Cologne* i gceart é.

Aibreán 8.—Tá Mr. Ó Séaghdha i mBonn, chúig léig as so. Tá an Taoiseach tar éis é cheapadh 'na Uachtarán ar Choiste Riaracháin an *Pays Conquis*. D'fhágas slán ag an Taoiseach agus d'imigheas ar a dó a chlog go dtí Bonn, san diligence. Fuaireas Mr. Ó Séaghdha san leabaidh leis an ngúta agus a chómhchoimisinéirí eile ag obair 'na thimcheall. Do dheineas coinne dul chuige go luath amáireach chun réidhteach a dhéanamh má fhéadaim é i dtaobh an ní atá le déanamh agam san gcor dochraideach so 'na bhfuilim fé láthair.

Aibreán 9.—Do chuas go luath go dtí Mr. Ó Séaghdha agus mhínigheas mo scéal do. Tar éis a bhreithnithe ó gach taobh d'aontuigheamar go scríobhfainn-se leitir chun an Taoisigh d'á chur i n-úil do a riachtanaighe bhí sé bheith i gcóimhfhreagarthas le hÉirinn agus d'á thairgsint do, muna raibh a mhalairt beartaithe aige im chómhair go raghainn féin go Hamburgh i mbun an ghnótha. Do scríobhas an leitir d'á réir sin, chuir Mr. Ó Séaghdha Frainncis uirthi, agus chuireas m'ainm léi. D'fhágas Mr. Ó Séaghdha agus a chuid coimisinéirí le 'chéile agus shiubhluigheas ar fuaid Bonn. Baile beag gleoite é. Dob é áit chómhnaithe Elector Chologne é, agus pálás sáiriongantach ann aige; go deimhin, d'éaghmais an Chateau de Versailles is é is mó is áilne d'á bhfeaca riamh. Níl a shamhail ag Rí Shasana. Tá oispidéal déanta anois de i gcómhair na saighdiúirí bhFranncacha agus is truagh liom gur léir loitmhilleadh mór cheana air. Ar an gcuma gcéadna tá an gáirdín 'na loc ordnáis ach níl fé láthair ann ach beagán *caisson*. Timcheall ceathrú míle ó'n tsráid, tá an dara pálás ná fuil chómh hálainn leis an gcéad cheann, ach gur fearr go mór a thaithneochadh sé liom mar árus cómhnaithe; Poppelsdorf a tugtar air, agus b'é tigh tuaithe an Elector é, agus tá ann, airighim, *jardin* álainn *Anglais*. Tá súd leis 'na oispidéal. Roimh cogadh, bhí dhá thaobh an bhóthair, ar feadh an chúig mhíle déag slí atá ó Chologne go Bonn, fé chranna fé mar bheadh avenue, ach tá na crainn ar fad treascartha anois agus tá áilne an bhóthair millte ar fad. Sin é, ámh, an míchomhthrom is lugha de chuid an chogaidh. Ar aghaidh Bhonn anonn, ar an taobh eile 'Réan tá na Seacht gCnuic. Radharc suaithinseach breágh iseadh iad. Tá caisleáin 'na bhfíorbharr ar thrí cinn aca agus bhídís sin 'na gcúil dídin

tráth d'á raibh do Roibeárd, *chef de brigands*. Níl aon ní gur fiú trácht air ag baint leis an Réan féin annso; taidhsigheann sí dhómh-sa bheith beagán níos mó, agus gur róbheag é, ná an tSiona ag Áth Luain; tá cré fé láthair san uisce ach ní heol dom an mbíonn i gcómhnaidhe mar sin. Ar an bport thall, leis, iseadh tá mainistir Seigburg, suidhte ar bharr cnuic agus is sunndasach an radharc é. Do chuas i gcúpla ceann nó trí de na teampaill. Tá mórchuid ionnta de phictiúirí measardha, agus d'iomágha dona thar fóir.

Do chaitheas go ríshuairc dinnéar fara MM. na coimisinéirí. Fuaireas radharc ó na fuinneoga ar chróite foirimill na namhad ar an taobh thall de Réan. Níl ionnta ach dream beag de thrúpaí scaoilte an Dómhnallaigh fé shicéadaí uaine agus pantalúin dearga. Thána abhaile go luath agus chuas a chodladh. Nílim i n-aon chor ar fónamh. Goilleann míchéadfadh síor agus míoshuaimhneas m'aigne ar shlí ar mo shláinte. Nár mhór an difridheacht san ló atá caithte agam i mBonn é dá mbeadh mo chéile bocht cumainn im theannta. Cad a dhéanfad muna gcuiridh an Taoiseach go Hamburgh mé?

Aibreán 10.—Do chuas chun Mr. Ó Séaghdha ach bhí súd bruidiúil. Do bhí gach ionad san *diligence* go Cologne lán indiu, agus mar sin caithfead fanúint go dtí amáireach. An donas air! Tá míofhoidhne thar fóir orm chun fios d'fhagháil cad é go gcinnfidh an Taoiseach air i dtaobh m'iarratais. Do shiubhluigheas ar feadh dhá uair a chluig ar fuaid an bhaile agus 'na chómhgar. Tá múrtha cosanta "*after a manner*" air, ach déarfainn gurab iad na múrtha síothchána is fearr san Eoraip iad. Tá an díog fé gháirdíní agus iad cóirithe ar fheabhas; i n-inmheán na mbaistion leis tá gáirdíní eile déanta agus grianán breágh samhraidh i ngach ceann aca. Tá an *Hortus Botanicus* i gceann aca agus tigh aoibhinn i lár baill istigh. Is fada ná feaca aon ní chómh gleoite. Do smaoinigheas láithreach dá mbeadh an tigh sin agus an gáirdín agam agus fagháltas comhthrom, agus mo chumann croidhe agus ár naoidhneáin bheaga 'nár dtimcheall, go mbeinn ar an duine is sona bheadh san Eoraip.

Thugas leathuair a chluig ag breithniú na *Sept Montagnes*. Ag dul i n-áilne agus i suaithinseacht dóibh sin, dar liom. Tamall suas an abhainn tá cnoc ná fuil ró árd, ach go n-éirigheann go géirdhíreach, agus tá caisleán measardha mór ar a bharr; ní heol dom cá hainm atá air ach is uasal an rud annsúd san leirg tíreach é. Ag casadh dhom bhuail tigh beag gleoite feirmeora liom, ceapach coille laistiar de agus beagán acraí de thalamh shármhaith 'na

thimcheall. D'oirfeadh sé go seoidh dom. Tá an tsainnt ag gabháil indiu dom, measaim. Gach a bhfeicim mianaim é. Idir so súd tá baile agus cómharsanacht Bhonn go haoibhinn agus dá mbeadh m'aigne fé shuaimhneas bhainfinn taithneamh an-mhór as an turas beag so. Cad é ná tiubhrainn ar mo chumann croidhe bocht a bheith faram indiu. 'Seadh, pé ní thiocfaidh ní thráchtfad arís uirthi, má fhéadaim, go dteagmhuigheam le 'chéile. Is tuirseach mé de ghearánta gan toradh. Feicim cad é go gcinnfidh an Taoiseach Hoche air. Airighim go dtosnóchar ar an slógadh ar an 15adh lá, nach tráthúil an t-am é dhómh-sa a mholadh go raghainn go Hamburgh. Ní fhéadfainn a cheapadh aon chúinse ba mhó peannaid ná mo chor-sa ar láthair na huaire seo.

Aibreán 11.—D'fhilleas indiu ar Chologne agus chaitheas dinnéar ag an Quartier Général. Thugas mo leitir do Phoitou; amáireach mar sin is dóigh, gheobhad freagradh. Mar seo nó mar siúd beidh a fhios agam go luath cá ngeobhad.

Aibreán 12.—Ag cainnt leis an Taoiseach indiu, ar feadh nóimite, roimh dinnéar. Dubhairt sé gur léigh mo leitir, agus gur thaithnigh mo thairgsint leis, agus go raibh iarrtha aige, d'á bhrí sin, ar Phoitou, ceadúchán a scríobhadh dhom le dul go Hamburgh. Níor thaithnigh an focal *ceadúchán* liom agus d'á bhrí sin nuair fuaireas caoi air, tar éis dinnéir, do labhras arís leis agus dubhart nárbh fhonn liom féin dul go Hamburgh munar dhóigh leis féin go mba cheart dom; agus d'iarras air, má ba dhóigh leis go mba cheart, órdú a thabhairt dom ar leith chun an ghnótha san, ar eagla go gceapfaí b'fhéidir gur ag iarraidh *congé* bhíos ar bruach catha, agus gurbh 'in rud nárbh fhíor. D'aontuigh sé láithreach lem thuairim-se san scéal. Do thuig sé an cúrsa fé mar thuigeas féin é agus do gheall go gceapfadh sé an tórdú d'á réir; agus mar sin tá dóchas agam go socróchar an gnó chun mo thola.

Ó bhí an chaoi agam d'fhiafruigheas de an raibh aon teagasc ar leith aige le tabhairt dom nó an raibh aoinne ar leith ar aigne aige chun mé do dhul fé na bhrághaid. Dubhairt sé ná raibh. Ná raibh le déanamh agam ach a chur i n-úil dom cháirde go raibh Rialtas na Frainnce agus é féin, gach duine aca, chómh láinbheartaithe is bhíodar riamh a- shaoirse a sholáthar d'Éirinn, go raibh ullmhúchán ar siubhal chun an dara hiarracht a thabhairt agus go gcuirfaí chun críche é chómh héascaidh agus leigfeadh práinn na ngnóthaí eile dhóibh; gur gnó é ná staonfadh an Phoblacht choidhche dhe, agus dá dteipeadh fé thrí ar fheachtasaí go dtiubharthaí

ſé'n gceathrú ceann, agus fós eile nó go bhfaghthaí buaidh. D'iarr sé orm, leis, a mholadh go gcuirfaí an aigne diongbhálta san i n-úil tré mheoin na gclódhanna tírghrádhacha i nÉirinn, d'fhonn go dtuigeadh na daoine ná fuil faillighe d'á thabhairt againn ionnta. Do cheileabhras annsan do agus ghuidheamar rath róid ar a chéile.

Táim sásta go maith leis an gcor a bheidh, de dheallramh, ar an scéal so, agus go háirithe táim fé chomaoin thar cuimse ag an Taoiseach Hoche as ucht a chineáltais dom féin go pearsanta. Ar ghluaiseacht dom ó'n Taoiseach Hoche chuas go dtí Poitou agus d'innseas do cad dubhart i dtaobh an órdaithe. Do scríobhas líne go dtí an Taoiseach, leis, ag iarraidh *frais de route*, ach is beag coinne agam le rath an iarratais sin, mar tá ár gciste mileata annso ar an róchaolchuid. Pé scéal é, tá mo dhóthain agam chun mo bheirthe go Hamburgh. Féach, ní caillte fós gach ní gur baoghal do. Tá focal an Taoisigh agam anois go raghthar i mbun ár ngnóthana arís.

Aibreán 13.—D'imigh an Taoiseach indiu chun Choblentz. Do chaitheas-sa an tráthnóna uile ag siubhal ar fuaid Chologne agus chuas isteach i dteampaill éagsúla; chonnac proiseisiún sagart ag iomchur na hAbhlainne Coisreagtha. Is dóigh gur suaithinseach an radharc le Catoiliceach deabhóideach é, ach maidir liom-sa, nach Catoiliceach, ba bheagní liom é; is maith liom, ámh go bhfeaca é, mar ní mór do dhuine gach ní fheicsint. Do chonnac uimhir de Bhráithre agus de Mhanaigh éagsúla, "*Black, white and grey with all their trumpery*." Do chuas go dtí an cuan agus ar bórd go galliote Duitseach. Do bhí an t-árus cheithre mintseomra ann ba niata agus ba ghleoite d'á bhfeaca riamh. Dob aoibhinn liom dul ar iomramh síos ar feadh an Réin i bhfaradh mo rúnach croidhe 'na leithéid siúd eile.

Tá tagaithe isteach i gCologne indé agus indiu tuairim 6,000 fear agus traen ordnáis. Tá an Legion des Francs ortha san, agus leithbhriogáid a 24 de'n troighshluagh éadtrom. Tá ceapaithe dhóibh bheith ar aonbhuidhin agus ar aon fheadhmannas le cumplacht de'n ordnás éadtrom, 'na ngárda tosaigh, agus ó hoileadh leis an *bpetite guerre* i La Vendée iad, is dóigh liom go mbeidh diongbháil aon tsluaighe cómhuimhreach leo de thrúpaí éadtroma na namhad ionnta. Do casadh orm cuid mhaith dem *chonnaisances expeditionaires*. Ortha san bhí Waudré an *artillerie légère*, a bhí faram ar bórd an *Indomptable* agus a thaithnigh go mór liom. D'fhiafruigh díom "ar dhe arm *Shambre et Meuse* mé." Agus nuair adubhart gurbh eadh

Eh bien, ar sé, *c'est un brave de plus*. Ba ghroidhe uaidh é a rádh. Do réir deallraimh, le haithriar na n-oifigeach is é gnó ceapadh dómh-sa, ó's de'n État Major mé, ná "*Arméments, equippement et habillement des troupes*." Táim chómh dall lem bhróig ar cad tá le déanamh agam, ach gur eol dom go bhfuil 80,000 fear agam chun airm, éadach agus fearas a sholáthar dóibh. "*By'r lakin, a parlous fear!*" Níl m'órdú fachta agam fós ná mo chuid *frais de route*, ach tá geallta ag Poitou go gcuirfidh an t-órdú, pé scéal é, ó Bhonn, agus tá líne curtha agam go dtí Mr. Ó Séaghdha i dtaobh an airgid, ach ní haon mórdhóchas atá agam go bhfaghad. Tá neamhfhonn géar orm an t-arm a thréigean san tráth atá ann; agus níl aon ní ar thalamh a bhéarfadh orm a leithéid a dhéanamh ach drochchor sláinte mo chumainn bhoicht; an tráth atá san san treis caithfidh gach ní bheith fé réir do. Do dhéanfainn íobairt m'anma ar a son.

Aibreán 14, 15, 16.—Táim ag learaireacht le trí lá timcheall Chologne; dúr mo dhóthain. Do chuas im aonar isteach i n-eagláis indé, mar tugaim cuaird ar na heaglaisí ar fad; thárlaidh ná raibh daonnaidhe san áit ach mé féin agus le linn bheith ag féachaint im thimcheall bhraitheas cúinne de chruitín ghlaisshíoda laistiar de chliath thiughiarainn d'á árdú, agus duine éigin ar a chúl. Do dhruideas 'na aice d'fhéachaint cia bheadh ann. Beanrialta bhí ann. Ba dheimhin liom gurbh óg í, agus gur dhathúil, mheasas, mar ná feaca ach a béal is a smig, ach béal ba dheise ná é ní fheaca riamh. Do bhíomar ag féachaint ar a chéile annsan ar feadh cúig nóimeataí, nuair a tháinig bráthair mórchuirp claon isteach do rádh a aifrinn agus do ruaig í. An créatúir bocht, ba thruagh liom im chroidhe í agus le cur gach fátha anuasail ar ceal, ba chóir go mba adhbhar áthais liom geataí an chlochair a réabadh agus í scaoileadh ó'n ngéibhinn. Forais ifreanda na clochair chéadna, ach le teacht síochána tá súil agam go gcuirfidh an Phoblacht deireadh leis an obair sin annso, mar a bhfuil na daoine, dála an scéil, go baoith-chreidmheach pisreogach. An tseachtain seo go léir níl aon ní ar siubhal ach proiseisiúin cráibhtheachta, go mórmór ar an 14adh lá ó b'é Aoine an Chéasta é. Do chuas indiu, ó b'é Domhnach Cásca é, ag éisteacht Árdaifrinn san bPrímheaglais, ach deasghnáth neamh-thaidhseach go leor dob eadh é; measaim go bhfuil a gcuid pláta agus órnáidí i bhfolach aca le heagla rómhainn-ne, agus is aca atá an ceart san méid sin. Tar éis aifrinn chuas go dtí eaglais eile mar a gcuala seanmóir ó bhráthair Capuisíneach.

Do chuas thar Réan indiu ar an *bpont volánte* agus ghabhas seilbh ar an *rive droite* i n-ainm na Poblachta. "*Thus far we have advanced into the bowels of the land.*" Tá mórchuid cainnte i dtaobh sos cómhraic leis an Impire, ach is mór é m'amhras 'na thaobh, ní fhéadfadh rud chómh fónta leis bheith i gceist. Dá ndeinimís síothcháin leis-sin, d'fhéadfaimís ár n-aire agus ár gcumas ar fad a dhíriú i n-aghaidh Shasana. Is iongnadh liom gan aon scéal fós agam i dtaobh m'órdaithe.

Aibreán 17.—Thug Fairin, aid-de-camp an Taoisigh Cherin, indiu chugam órdú mo ghluaiste laistigh de leitir an-cháirdiúil ó'n Taoiseach Árdcheannais. Ní fheicim aon ní i dtaobh mo chuid *frais de route*; is dóigh, mar sin, gur eitigheadh an chuid sin. Muna fearr nára measa! Do bhuaileas amach tráthnóna chun *guinguette*, atá suidhte go haoibhinn ar phort an Réin agus d'ólas buidéal Hock. *Pas mal.*

Aibreán 18.—Do scríobhas ar maidin chun mo mhúirnín croidhe agus chun Mhr. Ó Séaghdha d'á innsint mé bheith ar barraoid ghluaiste. Ní dóigh liom go raghad níos sia ná teora Hanover mar a bhfuil iarrtha agam ar mo mhuinntir bualadh liom. Do chuas chun an Taoisigh Coulanges, Sous Chef de l'État Major d'á innsint go rabhas ag imeacht. Do chuas im ionad san *diligence* go Nimeguen le dul as san, tré Utrecht, go hAmsterdam. Um an taca go mbeidh deireadh lem shiubhalta beidh turas maith groidhe tugtha agam.

[*Leitir chun Mrs. Tone.*]

COLOGNE, *Aibreán* 18, 1797.

A MH'ANAM ISTIGH THÚ: Fuaireas cead gluaiste díreach an nóimeat so agus imeochad umanathar ag triall ort. Raghad tríd an Hollainn chómh fada le teorainn na Gearmáine; ach ó thárlaidh do Sheoirse a Trí, de ghrásta Dé, bheith, leis, 'na Elector ar an Hanover, ní raghaidh mo phearsa ar a iontaoibh 'na dhúthaigh; mar sin, chómh luath is gheobhair an leitir seo, bí ullamh chun gluaiseacht im choinne go háit a inneosad im chéad leitir eile, ach nach eol fós dom féin. Táim ag braith ar mhuinnteardhas Ghiauque chun tú thionnlacan, agus dá mbeadh Máire ar an ngasradh ní gábhadh dhom a rádh go mba mhór an bhreis ar m'áthas é ar bhualadh libh. Is róriachtanach go bhfeicfinn Giauque ar na tátha a inneosad do nuair a bhuailfead leis. Táim ag scríobhadh ar an bpost so chuige.

Bhéarfair leat, dar ndóigh, do bhagáiste uile, agus do chuid airgid, má tá agat. Nílim féin ró shaidhbhir, mar is furus duit a thuigsint, ach is clos dom ó'n gcéad lá 'Fhlorial (.i. umanathar) gur i bhfuirm fíorairgid a íocfar págh airm feasta, agus má's amhlaidh é, féadfad an fód a sheasamh cuibheasach maith.

" An clóca d'fhágas im dhiaidh i dTarsus, nuair thiocfair beir leat ; agus fós na leabhair, ach go mórmór na scríbhne páir." I gcainnt choitchinn duit, beir leat mo pháipéir gan teip.

A mhúirnín chroidhe, ní fhéadaim a innsint duit méid m'áthais le hucht bualadh arís leat ! Tá lear nuachta agam duit, *scéala fónta* uile, idir poiblidhe agus príobháideach. Ní thráchtfad ar do shláinte mar ná leigfead im chluais ná fuilir ar fheabhas. Tá súil agam go bhfuil fachta cheana agat dhá leitir a scríobhas chugat sular fhágas Paris. Scríobhfad arís chugat ó Amsterdam is dócha. Tá oiread san siubhalta agam le déannaighe gur dóigh liom go dtiubhrainn cúrsa an domhain mhóir de léim, céim is cosabocóid ; agus níl críoch fós lem reatha. (Gabhann) "*In Italy, Germany, France I have been.*" Ní heol dom mo shárú de thaistealaighe ach Maighistir Fantom a chuir an mhuir Atlantach de fé dhó sula raibh trí bliana d'aois. Amadán ab eadh Robinson Crusoe taobh liom-sa. Is dona an díth céille é seo agam, ach táim chómh háthasach le hucht bualadh leat-sa ná fuil leigheas agam air. Tá gach fáth agam le bheith sásta lem aiste, agus déarfair-se sin leis nuair bhuailfeam le 'chéile, rud a dhéanfam i gcionn tuairim trí seachtaine measaim anois. Beannacht leat a mhúirnín mo chroidhe agus m'anma ; caithfead dul anois i mbun mo ghnóthaí dlistineacha agus chun cur i gcóir dom thuras. Pógaim óm chroidhe is óm anam thú.; Póg na báibíní deich míle uair thar mo cheann. Gheobhair an chéad leitir eile uaim, agus láineolas innti, cheithre lá nó cúig 'na diaidh so. Grádh uaim do Mháire.

Le cion go bráth ort,

J. SMITH, *Taois. Cong.* ⁊*rl.*

A BHÁIBÍN, A CHROIDHE : Táim díreach ar tí gluaiseacht chugat féin agus Mama agus coinne agam sibh araon a bheith im bhaclainn agam i gcionn coighcíse nó trí seachtaine. Gráidh na buachaillí dhómh-sa agus feicim go mbéarfair iad-san agus Mama slán folláin go dtí t'athair grádhach,

J. S.

Cuimhnigh gur ort-sa atá cúram an líntighe.

A Dhaifí Bab ! a Dhaifí Bab !—Tá mo chainnt seanchaithte anois, is dóigh, agus cainnt nua agat-sa b'fhéidir. Ach, ná bac san ; ní fada bhead 'ghá foghluim. Póg dod bhuachaillí dhom, a bháibín chroidhe. Is mór mo ghrádh dhuit.

———

Aibreán 19.—Bán.

Aibreán 20.—Do ghluaisigheas ó Chologne, ar a cúig ar maidin "*by most of the clocks*," chun dul i ndáil mo ghrádha dhil. Dinnéar i Neuss, baile beagmhéid. Do shroicheamar Crevelt ar a trí, an tsráidbhaile is deise d'á bhfeaca riamh ; dúthaigh comhthrom íseal atá 'na thimcheall ach í saothraithe thar barr, maidir leis an mbaile féin is síreachtach an ball é. Tá déantús cuibheasach mór de shíoda ar bun ann, agus is mór an t-anam san áit é ; is léir ar an lucht áitreabhtha go bhfuilid saidhbhir sóghach. Cheithre léig ; 'feadh na hoidhche san tsiubhal.

Aibreán 21.—Do ghabhas thar Guelders, baile cinn fearainn Diúice de'n ainm chéadna, agus mé ag míogarnaigh. Do bheirim a dheimhne d'aoinne gur adhbhar suime dho é nach é an gléas codlata is sáimhe ar domhan bheith ar thrucaill Gearmánach puist. Táim ar an nóimeat so *éreinté*, mar adeir Franncaigh. Do chaitheas bricfeast i gCleves, agus dheineas mo nighe féin, d'fhonn fionnuaraithe. Do dhein táithliagh mé bhearradh ar leithréal. Maireann an seanbhráithreachas idir bhearbóirí agus táithleagha fós san nGearmáin. Tháinig im aigne caoine Phartridge i dtaobh deighilt na díse sin.

Do ghluaisigheas arís im thrucaill ar a haon. Ar a ceathair thána i dtír na Poblachta Bataívighe. Ar a sé shroicheas Nimeguen mo chéad ionad chun stad ann. D'fhostuigheas ionad san *diligence* go hUtrecht i gcómhair na maidne. Do chaitheas uair a chluig ar fuaid an bhaile ; chuir sé aoibhneas orm. Ní fheaca riamh aon áit chómh niata, chómh deaghchóirithe ; agus deir Gearmánach óg atá 'na chómhthaistealach agam, gur ag méadú ar an nglaineacht agus ar an gcruinneas cóirithe a bheidh do réir mar ghluaiseochad. Do ghabhamar thar a dó nó a trí de corps-de-Garde ; siollairí breághtha dathúla na saighdiúirí Duitseacha so agus iad gléasta go fónta. Ní mór a chuimhneamh, ámh, go dtug na stracairí seo againn-ne ruaig na cáithe le gaoith ortha. Bíonn hata fé óirghréas ar na hoifigigh Duitseacha, ar nós na Sasanach, agus ár dTaoiseach féin. Is fearr nós na bhFranncach ar gach slí. Do chonnac cuid mhaith d'ógmhná Duitseacha cois doirse agus fuinneog, agus dar

liom is gleoite an saghas iad, iad fé dheighghléas éadaigh a toghadh le maiséirim. Is léir go raibh mo thuairim do'n Hollainn go mór amú. 'Seadh, máiseadh, níl módh is fearr ná an taisteal chun claon-tuairimí a scaipeadh, agus leis sin a rádh dhom, nár ceapadh le haoinne rómham is dóigh a rádh cheana, cuirfead críoch annso le cúntas an lae seo.

Aibreán 22.—Gluaiseacht dom ó Nimeguen i *ndiligence* Utrecht idir a seacht is a hocht. Oifigeach dragún leis na Duitsigh adeir liom, tré bhéarlagar bharbartha is measa ná mo chuid féin, go bhfuil leitir tagaithe go dtí an chathair go bhfuil sos cómhraic cheithre mí réidhtithe leis an Impire. Go leigidh Dia gur scéal fíor é; is iongantach an t-athrú ar feabhas a dhéanfadh sé d'ár gcúrsaí-ne.

Is rímhaith mar thaithnigheann mo thuras liom; tar éis an tsaoghail tá tréith éigin i radharc tíre san Hollainn, d'aindeoin neimhéagsúile a crutha, a bheir, ar a luighead, dómh-sa gan mío-thaithneamh a thabhairt di. Is iad gnéithe gnáith an radhairc tíreach san Hollainn machaire mórfhairsing móinfhéar nach léir do'n tsúil a imeall, rainndeighilt air sin ó iomad de dhíoga doimhin-leathna, nó ó chleathfhallaí go bhfuil fighe cliath cise déanta ortha; coillte móra saileach ann, tighthe beaga feirmeach de bhríc fé dhíon de dhóibleaca dearga, agus slacht thar barr ortha; thall is abhfus ann tá chateau le huasal agus gáirdín 'na thimcheall de'n chineál fíorDhuitseach. Ní ródheimhin liom gur droichghné maise ar aon chor é do gháirdín beag, gabhann a niatacht, a thómhaisteacht agus a chomhthroime chómhionann go maith leis an ní go mbeadh coinne agat a fheicsint ann. Is fíor ná fuil áilneacht suaithinseach na ngáirdín Sasanach ann ach, máiseadh, tá deaghthréithe leis féin ann agus, dar deimhin, taithnigheann sé maith go leor liom *i min-ghnéithe*. I ngáirdín Duitseach is líndíreach gach ní ann; i gceann Sasanach, lúbach iseadh bhíonn. Le fear matamaitice an gáirdín Duitseach, le file an ceann Sasanach. Níl amhras ná gurab í an mhaiséirim Sasanach is fearr, ach níl uaim-se a dheimhniú ach ná fuil an nós Duitseach gan deise d'á chuid féin, agus nach díol cóir air an fhonómhaid gan teora a bítear d'iarraidh a raideadh leis. Ach seo aiste ar ghárdnóireacht d'á scríobhadh agam agus mé aineolach ar aon ní bhaineann leis.

Ach an scéal úd cheana, ní fheaca riamh feirmeoireacht chómh cruinneshlachtmhar is mar atá san Hollainn; deinid Sasanaigh maoidheamh as a gcuid feirmeoireachta agus do réir a gcuid cainnte

rugadar an bhuaidh ar an saoghal mór chun talmhaidheachta, fara bheith ar an gcine is calma, is cliste, is céillidhe, agus is mó le rádh d'á raibh riamh ar bith. Ní feirmeoir ó chleachtadh mé, ach samhluigheann sé dom shúil-se ná fuil aon bhreith, maidir le shlachtmhaire gach ní, ag feirm i Sasana ar cheann Duitseach, agus a áireamh go speisialta na cladhthacha atá chómh sunndasach tábhachtach san, agus gur 'na gcómhair a chothuighid siad oiread san de choillte sailichearnaighe. Tá deallramh saidhbhir thar barr ar an bhféarach, agus ní bhíonn rud ar bith ar fheirm san Hollainn ná bíonn cruth na maise is na flúirse air. Is fada ó 'chéile, ámh, niatacht agus maise na dtighthe feirmeach agus cruth dearóil tuatúil an dreama gur leo iad; thugas féin fé ndeara roinnt de bhúra comónta go leor i dtighthe ba chuibhe, i n-ár measc-na, do dhuine uasal go mbeadh aige ó na trí chéad go dtí míle púnt airgid san mbliain. Tá beachrach ag gabháil le gach tigh aca agus fiche nó triocha nó ceathracha cruiceog bheach i ngach ceann díobh, agus i n-áit nó dhó d'áirmhigheas thar céad cruiceog. Ní léir dom, nó a chonntrácht san, is róléir dom cad é fáth ná bíonn beacha ag ár gcuid tuathach bocht-na agus a luighead de chostas iad agus go mba leor a gclann chun aire thabhairt dóibh, agus ná teipeann choidhche ortha an chlann san a bheith go hiomadúil aca. Dubhart an ní céadna i dtaobh na n-abhallghort san Normainde ar theacht do'n Fhrainnc ar dtúis dom; ach, an té gurab é a dhícheall prátaí a sholáthar d'á líontighe, is beag de chiach ubhall a bhíonn air; an té gurab é an fíoruisce is shírdheoch do is beag an tinneas a chuireann sugha ubhall, ná méad, air. 'Seadh, má éirigheann linn-ne b'fhéidir go gcuirfimís bun ní b'fhearr ar mo dhaoine bochta coimhthíreach. Féachfam é. Ach thar n-ais arís liom.

Deinid na corra annso a gcuid nead ar sciobóil agus ar na teampaill, agus leigtar dóibh; chonnac cuid aca ag tógáil nead; piseog de'n tír iseadh leigean dóibh. Bricfeast i Wych. Ar chúl an charráiste róid againn-ne bhí pictiúir deartha d'Airc Noe; mheasas nárbh olc an tuairim é ó fhear a dhéanta fé n-a mbeadh 'na mheán istigh, agus má's ar an intinn sin a cheap sé é do bheirim a chreidiúint do. Éide gorm ar lucht ghárda i Wych agus formhaisiú spéirghorm air, agus ar nós dreama Nimeguen, siollairí breághtha dathúla iad. Tar éis dul ó Wych, thugas fé ndeara gur mó go mór d'arbhar a bhí ag fás ná mar bhí feicithe go dtí san agam, ach níl aon mhaolú ar chruinneas na curadóireachta i gcómhnaidhe riamh.

Ar a seacht tráthnóna thánamar go hUtrecht, baile ná feaca-sa

puinn de, mar gur thúirlingeas cois geata amháin agus ghabhas gan stad tré chuid de'n chathair go dtí an canáile, an t-ionad ó n-a ngluaisigheadh Bád an Chanáile go hAmsterdam. Do chonnac, ámh, dála mar bhí i mBonn, go raibh gáirdíní beaga, agus grianáin samhraidh déanta d'inmheán na mbaistion, ach gur iomadúla go mór i nUtrecht iad, gur fearr cóiriú agus gur órnáidighe iad. Do chuir an pháirt gur ghabhas tríd Philadelphia i gcuimhne dhom.

Ar a hocht chun siubhail linn san trakshuyt, bád cuirbthighe canáile gur ionann í i gcomparáid le bád paisinéirí an Chanáile Mhóir [i nÉirinn] nó an carráiste róid Gearmánach i gcomparáid le carbad niata, deaghchrochta, Sasanach. Ó bhí an cábán mór fostaithe rómham, agus ceann an-bheag é, do cuireadh mise fara an last comónta. Do bhí de phaisinéirí triocha duine againn ann, Giúdaidhigh a leath agus a phíopa féin i mbéal gach duine. Do bhíos dom mhúchadh! Do mheasas tamall gur fearadh catha ba thoradh ar mo theacht-sa ar bórd. Ní raibh agam ach airgead Franncach, nuair bhíos chun íoc as mo phasáiste dhiúltuigh an captaen do na píosaí thairgigheas do, rud a dhein mearbhall thar fóir dom. Giúdaidheach óg a chonnaic mo chás, thairg sé airgead Duitseach dom ar phíosa cúig livre. Do ghabhas buidheachas leis agus ghlacas le n-a thairgsint. Tabhair fé ndeara ar lánluach gur tairbhighe fé dhó díreach an sol Duitseach ná an ceann Franncach, agus d'á bhrí sin, gur ceart go bhfaghadh 100 sou Franncach 50 Duitseach dom. Ach bhí mo Ghiúdaidheach-sa ró oilte i gcúrsaí an mhalartúcháin chun tráchtáil de'n tsórt san, agus, ar thógáil mo phíosa 100 sou uaim do shín chugam, gan rian gáire air, 38 *sous d'Hollande*. D'fhágfadh san mise díreach 24 sou chun deiridh. Iongnadh a chuir an bheadaidheacht san ar dtúis orm, ach chuimhnigheas láithreach orm féin agus d'fhéachas go soirbh idir a dhá shúil air agus d'éiligheas, go céillidhe stuamdha, aiseag mo chuid airgid láithreach. Bíodh gur Ghiúdaidheach é chuir san d'á bhuille beagán é agus do thairg láithreach dom cheithre *sous d'Hollande* san mbreis. Do chasas a dhúthchas Eabhraidheach 'na mhasla leis, agus dubhart dá dtugadh céad dom ná faghadh an píosa ; is leis sin gur ghéill sé. *Matter of inducement* an chuid sin uile. (Cad é an diach a thug orm cuimhneamh ar an méid sin dlí ?). Go grod 'na dhiaidh níor mhór do dhuine teacht ar bórd na luinge le foiréigean agus suidhe dho féin ar ghlúine dhuine eile. Do theilg súd uaidh go heasaonta é anuas orm-sa, le linn dom bheith d'iarraidh néall codlata a bhaint amach agus mé go mór 'na cheal. D'éirigheas lom láith-

reach, rugas ar bhóna air agus chromas ar ghreadadh, ná cualathas trácht ar a leithéid riamh,a thabhairt do agus go mba rud gan áird mo bhouta leis an mBioscáineach i dTrenton le n'ais, nuair a bheartuigh mo Ghiúdaidheach-sa, a bhí fós ag cásamh a mhasla agus cailliúint a chreiche, a ladhar a chur isteach. Leis sin scuireas dem chéile cómhraic agus thugas go heasaonta fén Eabhraidheach. Is eol do'n tsaoghal nach láthair comhthromúil catha aon Trakschuyt Duitseach. Gan aon ní eile d'áireamh ní féidir, de'n chéad ásc, seasamh lán díreach innti, agus farais sin bhí dingeadh na scadán orainn d'aon bhuilcín amháin. Dob é toradh mo dhíchill-se, mar sin, ná badhbhóireacht agus baisteachán, tré Fhranncis bhriste, rud a chuir iongnadh ádhbhalmhór ar an Duitseach, agus scilimis ar an Israelíteach, nuair bhagruigheas ní fios cad é an pionós géar air a dhéanfadh sompla dhe go bráth do shliocht uile Abrahaim. D'iarr sé maithmheachas go cathach díoghraiseach agus ar deireadh mhaitheas do, agus an tranglálaidhe ba bhun leis an gcíréib ó thúis, do ruaigeadh amach d'aontoil choitchinn é, agus chuathas chun suaimhnis arís ar bórd an bháid taistil.

Do bhí mo chuid codlata ar bóiléagair, ámh, agus do leanadh go dian de'n tobac i dtreo go raibh an *ennui* am ithe. Ar m'aghaidh anonn bhí Hollannach reamhar agus a leannán, dar liom ; agus mar sin, d'fhonn grinn, agus chun seasamh le honóir na Poblachta bheartuigheas bheith im Cheladon do Mhademoiselle. Ní raibh aici focal de'n Fhrainncis. Níor choisc sin mise gan éirghe go mór muinnteartha léi agus nuair ba léir do Hans go raibh ag dul d'á ghradam féin go tiugh, bheartuigh sé go céillidhe éirghe as cluiche nárbh iniúil chun a himeartha é, do tharraing a chaipín thar a shúile agus do chuaidh chun suain. Do leagas-sa mo cheann, gan fiú cead iarraidh, ar ucht Mhademoiselle agus i gcionn cúig nóimeatí bhíos im thromashuan. Do dhein an chúilfhionn aithris ar a dhá leannán agus is ar an slí sin, ar a cúig ar maidin, a shroicheamar Amsterdam. Is dearbh ná raibh aon cheart ar domhan agam Hans bocht a chiapadh ; ach, "*Des Chevaliers Français tel est le caractère ;*" agus farais sin shamhluigh sé dhom "*not to be made of penetrable stuff.*" Ní leomhfad an méid sin a rádh fá Mhademoiselle. Dála an scéil, bhí sise go ríghleoite.

Aibreán 23.—Ar a 6 bhaineas an *Auberge l'Etoile* amach san Neuss nó an Neiss—óir ní heol dom an leitriù agus chuas láithreach do'n leabaidh agus mé go mór 'na phráinn : mar ná fuaireas suaineas oidhche ar fónamh ó fhágas Cologne. As trí oidhche, chaitheas dhá

cheann idir an gcarráiste agus an Trakschuyt; agus an oidhche eatartha i Nimeguen, ní le suan a chaitheas í tré bheith ag cuimhneamh go gcaithfinn éirghe go luath lá ar n-a mháireach—rud a mhilleann mo shuan i gcómhnaidhe agus gur mar sin, leis, a bhí an scéal agam an oidhche sular fhágas Cologne; ionnus nach miste dhom a rádh go bhfuil cheithre oidhche caithte agam gan codladh fónta, agus sin an iomad, agus táim marbh le tuirse. Do chosain mo thuras ó Chologne go hAmsterdam, agus an uile chostas d'áireamh, tuairim 36 livre Franncacha, nó £1 10 0 d'airgead sterling. Má ba shaor dob éagcomhthromúil.

D'éirigheas ar a 10. "*Mem. Hands but not face.*" 'Sé an Domhnach indiu é. Dinnéar taithneamhach ag an *table d'hôte* ar a haon. D'ólas buidéal de'n "*delicate wine of Lucena*" nó neachtar aca, b'fhéidir, clairéad sármhaith, agus ghluaisigheas amach im aonar 'd'fhéachaint na leomhan.' Is álainn an foirgneamh an *Stadthuys* agus níor bhréagnuigh sé an réamhthaidhreamh a bhí ceapaithe agam 'na thaobh. Taobh leis tá an *Nua-Eaglais*, a hainmnigheadh mar sin measaim, toisc gurbh nua í nuair thóg na Spáinigh í sular cuireadh an Phoblacht Duitseach ar bun. Do bhíos i láthair ag an seirbhís naomhtha agus thaithnigh sí go mór liom. Do thaidhsigh na daoine dhom bheith cráibhtheach ach thugas fé ndeara ná raibh ar an bpobal ach dream aosta agus leanbhaí. Measaim gur mise fear ab óige san eaglais. An t-orgán ann sé is mó agus is áilne d'á bhfeaca riamh. Gléas uasal é gan aon agó. Nuair a bhíodh an ministir ag guidhe bhaineadh cách a hataí díobh, agus nuair a léigheadh an scrioptúir chuiridís ortha arís iad. Ní thuigimse cad é deighbhéas a ghabhann leis sin. An amhlaidh a mheasaid go mba neamhurraim do Dhia an Uilechómhacht labhairt leis le linn hata bheith ortha? Ach, dar ndóigh, má's iad na scrioptúirí briathar Dé ní hurraimiúil an rud bheith ag éisteacht, ach oiread le bheith ag labhairt, led uachtarán is do hata ort.

Do chonnac tuambaí De Ruyter agus Van Galen. Tá tuamba De Ruyter san ionad 'na mbeadh an altóir mhór i dteampall Catoiliceach Is mó d'onóir do'n ionad tuamba an duine chalma san a bheith ann. Íomhágh dhe 'na luighe atá ann agus an saghas céadna de Van Galen. B'fhearr liom ar dtúis gur 'na sheasamh a bheadh ach, ar athmhachtnamh, is fearr mar atá dar liom. Do chorruigh deilbh Van Galen go mór me, íomhágh dhe tar éis bháis atá ann, a chleathóg 'na dhóid dheis agus a lámh chlé ar a bhrollach. Is glórmhar an díolfiach é, leacht d'á thógáil ag a dhúthaigh i gcuimhne fir chalma.

Is eagal liom gur beag Van Tromp nó De Ruyter i gcabhlach na Hollainne ar an ló so.

Do bhuaileas thart ar na céphuirt. Dála gach ní san Hollainn is niata an chóir atá ortha-san. D'fhéachas na soilléir mar a n-ithid mairnéalaigh biadh. Do meallfaí goile phrionnsa le glaine gach ní ionnta. Tháinig Cé Sheoirse agus "*Ship's kettles cooked here*" im' chuimhne, agus iarracht bheag de cheannfé maraon leis. Maidir le glanachar, go fírinneach, 'sé an t-uathbhás a bhfuil ag na Duitsigh orainn-ne. Teach caifé agus na páipéir. Tá sé i ndán dom mo mhórtas náisiúnta do náiriú indiu. I nGasette Leydon ba chrádhnas croidhe dhom scéal a bhí ann ar dhí-armú síothchánta a bhí d'á dhéanamh ar mhuinntir Chúig Uladh : "*Quelques menaçantes que soyent souvent les dispositions des Irlandais, rarement on les a vu produire de bien terribles effets.*" 'Sé donas an scéil é go bhfuil bunús rómhaith leis an gcainnt. Do bhí an ceart ag Mac Giobúin nuair adubhairt " Is daoine go mb'fhurus a ghríosadh sinn agus go mb'fhurus a chur chun suaimhnis."

Aibreán 24.—Ag dul i méid atá mo thaithneamh d'Amsterdam. Rug sé barr ó chathracha an domhain chun siubhail ann, agus maidir leis sin de is fearr liom go mór é ná Lonndain nó Paris. Thugas turas arís ar an Stadthuys, foirgneamh sárálainn é agus tá sé ar an mbeagán de thighthibh poiblidhe d'á bhfeaca atá ar aon dul go hiomlán lem thuairim roimh ré ortha. Tá sé mar ba cheart do bheith, go dímhór, simplidhe, sárálainn. Ní heol dom pioc ar domhan i dtaobh foirgneoireachta, ach is beag má bhíos chómh sásta le haon ní riamh is bhíos le Stadthuys Amsterdam. Tá fuireann clog san mbeannchobhair atá 'na mhaise ar thosach an fhoirgnimh agus seinntar fuinn agus gearrphíosaí ceoil ortha ar chruinneas an domhain. De ghnáth is fuath liom glór cluig, i slí nuair a bhíos i Lonndain ag an Teampall agus a cúig nó a sé d'eaglaisí im thimcheall, gur mhinic ab fhearr liom bheith i dTír na dTurcach, nó i dtír chiuin Mhathmadach éigin ná ceaduightar cluig innti. Ach sé a mhalairt sin ar fad é ag cling chlog an Stadthuys. Thugas, fé dhó indiu, leathuair a chluig beagnach fé aoibhneas mór ag éisteacht leo. Ar chliath shleamhnáin atá feiste ar na carráistí hírála ann agus capall aonair 'ghá dtarrang ; táid go háiseach míochruthach, ach táid na capaill go sármhaith. Do shiubhluigheas an *Warmoes straat*. Is ionann é agus an Rue St. Honoré i bParis, an Strand i Lonndain nó Dame St. Bhaile Átha Cliath. Do gheobhthaí Cheapside Amsterdam a ghairm den *Kelver straat* ann. Is árd an

tuairim a bhí agam i dtaobh na tráchtála tar éis cathair Lonndain fheicsint dom, ach is aoirde go mór anois é ó thána san Hollainn. Cad é mar thráchtáil a bhí san gcathair seo, ní foláir, roimh an gcogadh. Do cheannuigheas peidhre *duet* ag tigh Hammel, ar an Zokkin, d'fhonn go mbeadh le rádh agam go rabhas san árus ceoil is iomráidhtighe ar domhan. Thugas ocht livre ar clóphromhadh de phictiúir *mezzo tinto* de Bhuonaparte d'fhagháil. Ní fios dom an cosúil leis é ach is priont an-mhaith é. Thugas cuaird ar an dearadóir, Sasanach darab ainm Hodges, agus thugas leathuair suidhte 'na theannta ag cainnt, agus gheall sé togha macsamhla a phiocadh dom. Tá an *cacoèthes emendi* go láidir indiu orm, ach ar ádhmharaighe an tsaoghail tá de dhíth airgid orm nach foláir do'n ghalar dul i n-éag 'cheal a chothaithe.

Aibreán 25.—D'éirigheas ar a naoi. "*Chid Ralph for mislaying my tobacco stopper.*" Do scríobhas chun mo mhúirnín dil, ag ceapadh coinne chun bualadh léi i nGroninguen an treas nó an ceathrú lá de'n mhí seo chugainn. Do mhalartuigheas cúig cinn déag de louis d'ór ar airgead Duitseach agus chailleas d'á dhruim sin naoi livre; sin réal fé'n louis; ní fiú 'áireamh é. Ag Ósta an Chaifé fuaireas páipéir Shasanacha chómh fada anuas leis an gceathrú lá déag beag so; bhíodar gan puinn nuacht, ach ba mhór mar thaithneamh liom iad. Do scaoileadh saor roinnt d'Éireannaigh Aontaithe ach níl luadhadh ar a n-ainmneacha. Tá siosma ar siubhal ameasc na ndíormaí yeomen, tá cuid mhór aca bréan de'n tíorántacht atáthar a dhéanamh ar mhuinntir an Tuaiscirt agus go mórmór de bhrí forógradh éigin a foillsigheadh le déannaighe ó'n Taoiseach Lake, agus ba mhaith liom a fheicsint. Tá sé, de dheallramh, go hainspianta. Tá d'á dheascaibh sin rúin d'á rith agus rúin a malairte, agus gearáin cháinte ar siubhal; tá, go dearbh, fala uilc ameasc na namhad agus ní fhéadfaidh Rialtas Shasana iontaoibh a thabhairt arís leis na díormaí yeomen. Tá Mr. Pitt tar éis Mr. Hammond a chur uaidh go Vienna pé aca chun eadargnótha é nó, mar is dóiche liom, chun an tImpire a chosc ar dhul chun eadarghnótha leis na Franncaigh. Táthar ag éigheamh go foirleathan d'iarraidh síothchána, agus athchuingheacha d'á réir ag teacht ó'n uile áird. Tá ceann ann ó Chathair Bhaile Átha Cliath ar thairgsint Ghrattain agus ar athtairgsint Phonsonby, i láthair chruinnithe choitchinn de lucht na cathrach agus iad uile do ghabháil leis d'aonghuth. Chím gurab éigean do'n dream oirdhearc tírghrádhach fé dheireadh greadadh le amach as Tigh na Dála agus dul ameasc na ndaoine mar mhol Mac

Eochaidh fadó riamh do Ghrattan a dhéanamh. Tugadh iarracht ar Chonntae Árdmacha d'fhógairt i leith í bheith ar aiste círéibe; ach buadhadh ar an gcleas, agus, idir so súd, tá rian beag éigin de dheighmhéin fhónta bheith ag borradh san dúthaigh mhí-ádhmhair sin. Ní raghainn ar iontaoibh órdlaigh leis, ámh. Tá beartaithe ag an Rí agus ag Pitt, de dheallramh, gan géilleadh go bás. Tá diúltaithe aige glacadh le dileagradh ó Chathair Lonndain 'na shuidhe san gcathaoir ríoghdha dho; agus thug an Livery, líon 5,000 aca, a mbreith d'aon ghuth gur de cheart dúthchais na Cathrach a n-athchuingheacha a thíodhlacadh ar an nós san, agus mar sin tá 'na thranglam aca. Má buaidhtar an lá leo (rud ná buaidhfar) beidh ar an Rí freagairt, agus gurab é sin fáth an achrainn. Do chuaidh luach stoc chómh híseal le 49⅞ ach bhrúigh turas Hammond suas go dtí 52 iad. Maidir liom-sa, ní mheasaim de ach mar bheadh tubán uisce do'n mhíolmór, an fhaid a bheidh scéal an iasacht airgid ar siubhal. Iasacht £15,000,000 airgid iseadh é, ach níl aon áiféis ná creidfeadh Seán Buidhe é, go mórmór nuair is rud é a thaithneochadh leis féin. *Mem. Mr. Nisby's opinion thereon.*

[*Leitir chun Mrs. Tone.*]

AMSTERDAM, *Aibreán* 25, 1797.

A GHRÁDH THÚ: Tá súil agam go bhfuairis leitir a scríobhas an 18adh, agus go bhfuil gach réidhteach déanta agat chun gluaiseacht im choinnibh gan mhoill. Ar bhreithniú gach ní dhom tuigim nár mhaith an chiall dom dul thar teorainn tír na Hollainne amach, agus mar sin, tá scríobhtha go Giauque agam, ar an bpost so tú thionnlacan gach comhgar go *Groninguen*, mar gurab é baile is goire dhuit é d'á bhféadfainn-se beartú air. Beidh an leitir seo agat, tá súil agam, an 29adh lá, agus má bhíonn, agus ná cuirfidh óspairt gan coinne stad leat, d'fhéadfá bheith annso, is clos dom, i nGroninguen, i gcionn trí lá; ach leigim lá nó dhó le tionóisc bóthair, agus, mar sin, tar éis gach ní le deallramh d'áireamh, tá mo choinne leat tuairim an 3adh nó an 4adh lá de'n mhí seo chugainn, agus bead fé'n am san ag feitheamh i nGroninguen. Is mór é m'amhras nach gábhadh dhom tú ghríosadh chun deithnis, mar measaim do mhíofhoidhne-se bheith ar aon dul lem chuid féin.

Tá coinne agam bualadh chómh luath san leat ná scríobhfad aon leitir fhada chugat; níl le rádh agam ach go bhfuil gach ní ag dul chun cinn, im thuairim. Póg mo bháibíní dhom agus brostuigh

chugam, ach nárab é an deabhadh agat é go mbíonn an mhoill ar a thí. Táim 'ghá cheangal ort gan tú féin a thnáthadh ; ní mór an deifridheacht lá, fé nó thairis, agus bheadh a thoradh ar do shláinte, b'fhéidir.

Beannacht leat, a dhílghrádh. Beannacht Dé ort.

J. S.

Táim 'ghá chur so fé chlúdach go Mons. Holterman, agus leitir Ghiauque go Victor Pretre. Ná dearmhaid ceileabhradh d' Aire na Frainnce.

A BHÁIBÍN, A CHROIDHE. *Níl a thuille agam le rádh.*

T'athair ceanúil,

J. SMITH.

Mo mhóirmheas do na hóga uaisle, do dheartháracha.

Aibreán 26.—Ó bhí trí nó ceathair de laethe le caitheamh agam, bheartuigheas go bhfeicfinn an Chómhdháil Bhatáibheach, agus, d'á bhrí sin, siúd liom ar maidin ar a cúig san trakschuyt go dtí an Hague. Do chonnac ag Haerlem cipe de thrúpaí Duitseacha ag ullmhú chun paráide ; éide gorm ortha fé fhormhaisiú dearg agus deallramh breágh ar na fir i gcoitchinne ; a gcuid arm agus éadaigh agus fearais i ndeaghórd. Do bhí Aimiréal Duitseach faram chómh fada le Leyden agus bhí sé de dheighbhéas ann cuireadh a thabhairt dom chun an tseomra stáit a bhí fostaithe aige féin. Ní heol dom a ainm ach bhí an Fhrainncis go maith aige, "*much better French than you or I, Gentlemen of the Jury.*" Do thaithnigh a chómhrádh go mór liom ; éide gorm a bhí air agus cába agus cufaí dearga air, óirghréas air, agus cleite bán strutha móirthimcheall a hata. Ní raibh sé ach tar éis casadh ó'n Texel mar a bhfuil cúig longa déag líneagair ullamh, fé fhuirinn, chun fairrge. Do bheadh san ar fheabhas ach an mí-ádh go bhfuil na mairnéalaigh Duitseacha chómh tugtha san chun ceannairce, chun easumhlaidheachta agus chun droichmhéine, nách féidir iontaoibh leo ; féach mar éaluigheadar leis an bhfrigéad Jason agus an mí-iomchur náireach a bhain leo fé'n Aimiréal Lucas ag Rinn an Deaghdhóchais. Dála an scéil ní ró mhaith mínigheadh riamh dom i dtaobh gníomhartha an Aimiréil úd ar an bhfeachtas céadna. Tá 'fhios ag Dia go mb'fhéidir gur bronntanas cúig long déag líneagair atá d'á thabhairt againn do na Sasanaigh. D'fhiafruigheas de'n Aimiréal cad a cheap sé do'n chath a thug Cordova do Jarvis, an lá fé dheireadh, gur éirigh leis, d'aindeoin an seacht fichead de luingeas líneagair a bhí aige, gur

bhuaidh chúig cinn déag air agus gur chaill ceithre longa, agus ciaca tré mheathtacht nó aineolas é, dar leis. "Tríotha araon," arsan Duitseach go grodchainnteach. Agus is aige a bhí an ceart, dar liom. D'innis sé, leis, dom gurab é Bougainville mórchlú, maraidhe, atá ainmnithe 'na cheann ar chabhlach Bhrest. Tá áthas croidhe orm 'na thaobh san.

Ach chun mo thurais arís liom. Ar feadh dhá phort an chanáile chonnac iliomad d'éanlaith fiaine, ach gur beag má b'fhiain i n-ao' 'chor iad, mar gur leigeadar dúinn-ne gabháil i ngoireacht fiche slat díobh, gan áird a thabhairt orainn, dar leat. Ó thárlaidh, le linn m'óige, gur cinéal fiadhaidhe mé, bhraitheas mo sheanéirim ag borradh chugam. Do bhí feadóga ann idir ghlas agus liath, circíní trágha, naoscaigh, girrfhéithe, thar áireamh. Ní mór go mbaintear leo mar is é an dlí annso gan cead fiadhaigh ag duine ach ar a thalamh féin amháin; agus is é mo thuairim go mbíd na Duitsigh ró ghnóthach nó ró leisciúil chun dul leis an gcaitheamh aimsire sin. Ní fheadar an mbeidh lá go bráth arís agam ag fiadhach ar phiotraiscí i nÉirinn? An lá deiridh a bhíos amuich, is i dteannta mo charad dhil, an Ruiséallach, a bhíos. An fear bocht! Ag Dia amháin atá 'fhios conus mar tá indiu aige, nó an bhfuil sé ídithe ag Rialtas damanta na hÉireann. 'Seadh, ná bím ag cuimhneamh a thuille air sin.

Ar theacht i gcómhgar an Hague dúinn chonnac dhá phort an chanáile clúdaithe fé thighthe cómhnaithe chómh tiugh agus ab fhéidir agus cóiriú niata thar na beartaibh ortha; d'aindeoin deacraí suidhimh agus ionaid is iongantach mar tá éirithe leo an dúthaigh a chur chun maitheasa. Tá "an t-olc tugtha chun sochair" aca, ach ní fhéadfaí é sin a mheas gan bheith ar an bhfód agus a bhfuil déanta aca a bhreithniú. Níl aon ní fé bhun foidhne, sírdhícheall agus daingeanthoil na nDuitseach, a thosnóchadh agus a shaothróchadh agus a thabharfadh chun críche na hoibreacha iongantacha a deintar gach lá ar fuaid na Hollainne. Níl aon iongnadh ach a chruinne a shaothruigheann Duitseach fir a gharrdha agus thugann chun bláth uachtar feabhasa é; agus i ngoireacht caogad slat tá muileann gaoithe tógtha aige ná stadann choidhche ach ag taoscadh an uisce, agus dá stadadh go mbáthfaí é féin agus an garrdha fé chionn cheithre huaire fichead. Do chonnac fiche tigh a bhí tógtha, go deimhin duit, san uisce agus droichead ag fear an tighe chun dul chuca, agus b'iad ba dheise d'á bhfeaca riamh.

Thána do'n Hague ar a cúig a chlog. Dhá uair déag a chluig chun turais trí léig déag. Ó Bhaile Átha Cliath go Mainistir Elbhin tá tuairim an fhaid chéadna agus caithtar, do réir mo chuimhne, tuairim an méid chéadna aimsire leis, agus cosnuigheann coróin. Níl aon ghlais ar chanáile na Hollainne. Níl aon bhreith ag a mbád súd ar na báid paisinéirí seo againn-ne ar mhéid ná ar dheise ná ar aon chuma eile ; capall aonair 'ghá tharrang a chuireann de shíor ghnáth trí mhíle san uair de ionnus gur ionann leo annso a rádh " tà an áit úd an oiread san léig nó an oiread san uair a chluig ó bhaile." Do chuireas fúm ag na Seacht dTeampaill. An léightheoir eagnaidhe gur fios do an Tíreolas ní mheascfaidh sé an áit sin le hionad a chómhainme i gConntae Chill Manntáin go dtugaid na háitreabhaigh Gleann Dá Loch air. Dinnéar ag an *Table d'hôte* fara naonúr de lucht Cómhdhála na Hollainne. Deallramh an-mhothaolach galánta ortha agus chuireadar go róléir i gcuimhne dhom mo shean-mháighistrí san Árdchoiste, gur mór agus gur síorraidhe mo mheas ortha. Mothuighim na deora im shúile, agus mo chuisle ag bíogadh, le scríobhadh na habairte sin.

Tar éis dínnéir, amach arís liom im aonar d'fhéachaint an bhaile ; chonnac a lán áiteanna agus ná feadar ó shin cad é ainm atá ortha ; thána fé dheireadh i gcoill go raibh avenue uasal tré n-a lár. Ar an taobh dheis de sin bhí cipe Duitseach ag gleacaidheacht (éide gorm bánmhaisithe ortha). Ar an taoibh eile bhí cath Franncach. Buadhann na Duitsigh go fairsing ar ár dtrúpaí-ne i gcúrsaí gleacaidheachta, le n-a chruinnebhailighe bhíd ; is aoirde agus is tathaigighe d'fhearaibh iad, is fearr éide agus cóiriú iad agus bíonn órd níos fearr ar airm is ar fhearas aca. Níl aoinne chífeadh leith-chéad slat uaidh iad ná glacfadh de rogha làithreach na Duitsigh. Ach d'fhéachas-sa go cruinn iad nuair a bhí críoch leis an gcleach-tadh, agus ba léir dom láithreach ins na Franncaigh cuid de'n spréach agus de'n fhuinneamh ba chómhartha ar an misneach díoghraiseach díochoiscithe atá 'na prímhthréith ionnta agus ná fuil ar aon chor ins na Duitsigh. Tar éis an fhéachaint sin níor mhairg liom ar an nóimeat an díorma Duitseach d'ionnsuidhe le n-ár gcath beag féin, bíodh go raibh dhá oiread díobh ann, agus bhuaidhfimís ortha. Ba mhór an t-údar grinn bheith ag féachaint ar *fierté* na saighdiúirí seo againn-ne ag máirseáil dóibh thar an gcuid eile ; bhí gotha tighearnúil na tóirtéise cathardha ortha, rud a bhain iomad gáire asam, an uair sin agus riamh ó shin. Tá cinnaighteacha na bhFranncach faobhrúil éascaidh géar agus na

Duitsigh go reamhar macánta mallaigeanta; tá saoirse agus cinnteacht i siubhal is i ngotha agus i meon na bhFranncach, 'siad an t-ádhbhar ceart iad chun saighdiúirí a dhéanamh díobh. Tá poinntí tábhachtacha san scéal, ámh, nár mhór a bhreithniú. Caithfir cead a thabhairt do'n ghrenadóir Franncach carabhat an-mhór, do réir an fhaisin, a chaitheamh agus a rogha féin de shnaidhm air. D'á chuid dearbhtha féin, leis, an hata bhíonn air, agus ná cuirtar bac ná aithne i dtaobh a chaithte air; ní mór do a thriail fé'n uile chruth agus cuma agus an mhaig a chur air is fearr a thiocfaidh, dar leis sin, do dheilbh a phearsan féin. Nuair bhíd na nithe tábhachtacha san, nithe róriachtanacha dar ndóigh, chun a thola, bíonn sé ullamh do gach cluiche, agus ní déine Caesar ná na *petit maîtres*: mar gur *petit maître* an uile shaighdiúir de'n Fhrainnc. Do chonnac-sa, a fhios do Dhia, stracaithe go leor iad, ach ní fheaca riamh iad gan an carabhat feistithe go fónta faisiontúil, agus feirc ar an hata aca, agus gotha d'á réir ortha 'ghá chaitheamh. Ach an scéal úd cheana. Deirim arís eile gurbh ait féachaint ortha ag gabháil thar an dream eile. Do bhí tighearnúlacht a thaithnigh go mór liom san bhféachaint a thugaidís ortha agus iad súd agus a gceann agus a nguailne d'aoirde aca ortha; ní raibh ins na Duitsigh, dar liom, le n-a n-ais ach táilliúirí. Do chonnac *corps de garde* de mharcraigh Duitseacha, éide bán dubhmhaisithe fé dheargínte ortha, bhest agus bríste odharbhuidhe, creasa odharbhuidhe gualann agus cuim, agus cnotaí dubha. Níor mhaith é deallramh na mdathanna go léir. Ba mhaith liom, ámh, an cipe fheicsint ar marcaidheacht.

Aibreán 27.—Cuaird ar maidin ar an *gConvention Batave.* I bpálás an Stadtholder, lá d'á raibh, iseadh a comórtar é, san seomra a bhíodh tráth 'na bhallroom. Tá tribunes, fé mar tugtar annso agus san bhFrainnc ortha, agus Galleries againn-ne, déanta anois de na horchestraithe. Tá cead saor dul ins na triobúin, ní gábhadh comaoin ó theachta chun dul ann. Seomra breágh é ach gan aon ní thar barr ann. Seomra 120 troigh ar faid measaim agus 50 ar leithead agus solus ann ó sé cinn de mhórfhuinneoga agus ó'n uimhir chéadna d'fhuinneoga níos lugha ós a gcionn san, de phlát-ghloine. Tá suidhe ar an Uachtarán ar árdán atá cheithre céimeanna ar aoirde, é sin oscailte chun tosaigh agus ráil air ó na trí sleasanna eile; ar a dheis agus ar a chlé tá dhá bhórd agus suidheacháin do cheathrar rúnaithe; ós a chómhair tá an barra; tá brat de velvet chródhearg ar an mbórd aige go bhfuil lása óir fé, agus an chathaoir aige fé'n

gclúdach agus fé'n ornáid chéadna. Bíonn scarf de shíoda dhearg is de bhán thar a ghualainn dheis agus timcheall a chuim agus bíonn smachtín cuibheasach mór aige de'n eabhair agus le buille de sin ar an mbórd iseadh a fhógruigheann sé pé ní go gcinneann an chómhdháil air. Ní thaithnigheann an smachtín liom. Is danardha mar chuireann sé cruth an reiceadóra ar an Uachtarán; ach ní cás le haoinne annso é. Ar a dheis, ach é ar an úrlár anuas, tá cinéal de chrannghail bhig, agus is de sin a léigheann cathaoirleach gach coiste fá seach tuarasgabháil a choiste féin. Timcheall ar thrí thaobhanna an tseomra iseadh bhíonn suidhte an 126 teachta atá ann, cúig sreath suidheachán atá ann ag árdú thar a chéile siar agus clúdach d'éadach uaine ortha; páipéar, peanna agus dubh ós cómhair gach duine; uimhir ar gach ionad agus gach cúigiú lá déag, le toghadh an Uachtaráin, mar ná maireann a théarma ach an fhaid sin, riartar na suidheacháin de thoradh crannchur ar na teachtaí agus mar sin seachnuighid siad an t-ainmniúchas deas agus clé, agus taobh an Rialtais agus an Freasabhra, ⁊rl. Deich bhflorin san ló a gheibid, oiread céadna agus gheibhtar san bhFrainnc beagnach, tuairim 16/8 d'airgead Sasanach. Tá sé beag go leor muna bhfuil ró bheag, mar is prionsabal agam-sa é gur ceart íoc go fial le feadhmannaigh poiblidhe, ach gan aon táillí oifige bheith ag dul dóibh. Má íocair go fial is féidir a éileamh ar do sheirbhíseach go ndéanfadh a dhualgas agus ní bheidh gábhadh le hoiread daoine. Ba leor liom a bhfeaca san bhFrainnc mar fhianaise ar an olc a thig ó n-a mhalairt de chóir. Ó nárbh fhéidir annsúd íoc le n-a gcuid feadhmannach bpoiblidhe, d'éirigh cách faillightheach agus an obair a dhéanfadh aoinne amháin le slacht, ar an gceathrú cuid de'n chostas a leanfadh fé dheoidh é, níor mhór deichniúr chun a dhéanta, agus é go haindeis 'na ndiadh, leis sin. 'Sí an fhéile go minic an bhainistighe cheart.

Bíd na teachtaí go deighiomchuir thar barr 'na slí agus 'na ndeallramh, agus bítar fé dheaghórd ann, a bhfad níos fearr, cuir i gcás, ná mar bítar ag an *Conseil des* 500, ach gan é chómh maith le *House of Commons* Shasana. Is beag teachta chonnac ná raibh ar a luighead cúig bliana triochad d'aois agus thaidhsigh an chuid is mó aca dhom bheith ceathracha agus thairis-sin. Ní bhíonn aon chómhartha so-aithne ar leith d'á chaitheamh aca. Idir so súd, ba mhór mar thaithnigh liom an stuamdhacht agus an deallramh a bhí ortha, idir cóimhthionól agus lucht éistigh. Do bhí na triobúin gan pulcadh; roinnt bhan ann agus deallramh maith ortha, agus

bhí san triobún ós cómhair an Uachtaráin, atá ann ar leith i gcómhair cáirde na dteachtaí, roinnt de mhnáibh áilne go deighéadaithe.

Nuair a thána-sa isteach, bhí an tigh, mar adeirimíd-ne, 'na choiste, i mbun gnótha éigin coitchionnta, agus bhí scarf de velvet dhubh d'á chaitheamh *pro tempore* ag an Uachtarán thar a dheas-ghualainn agus na focail République Batave i n-óirghréas ar a thosach Ar a dódhéag chuaidh an chómhdháil chun cinn arís agus chuaidh an tUachtarán san gcathaoir fé mar innseas cheana. Dob í ceist a bhí le pléidhe ciaca an raibh nó ná raibh d'fhiachaibh ar an bpobal Duitseach, do réir an bhuinreachta, íoc leis an gcléir. Ní fios dómh-sa cad déanfar ach is feasach mé go maith cad í cómhairle ar ar cheart dóibh cinneadh. San bhFrainnc, áit ná fuil aon reiligiún ann, níl aon tuarastal ainmnithe do réir dlí do na sagartaibh. I nAmerica, mar a bhfuil mórchuid reiligiún, níl aon tsocrú do réir dlí ar thuarastal cléire. Níl d'íocaidheacht le fagháil i nEirinn ag sagairt Chatoiliceacha, agus ag ministrí dí-aontacha, ach síntiúsaí deontacha a bpobal féin, agus i bhfianaise na n-eisiompláirí sin uile níl mearbhall ar bith orm i dtaobh éagcomhthrom Eaglaise Stáit.

Dála an scéil tá roinnt mhaith de'n chléir ar an gCómhdháil Bhatáibheach; chonnac indiu sagart Catoiliceach agus triúr de mhinistrí Protastúnacha suidhte 'na n-ionad féin, agus labhair an sagart san diospóireacht; ní heol dom cad dubhairt sé ach bhain sé scearta maith gáire as an dtionól. Do bhí, leis, cuid de'n uasalaicme san gCómhdháil agus chítar dom nach d'aon bhuidhin a ghníd guthaidheacht, tírghrádhthaigh cuid aca agus arstocrataigh a thuille. Tírghrádhthach macánta de Hollannach a thug an fios san go léir dom. Nuair chonnaic sé éide na Frainnce orm bhí sé de ghnaoi ann comaoin na cómhdhála a chur orm agus do thaispeáin dom na teachtaí dob iomráidhtighe ortha,go mórmór Van Kastacle, fear treortha na ndiomocratach. Dar liom-sa is é bunphrionsabal dealaithe na cómhdhála ná aondas nó cómhstátas. Tá na diomocrat-aigh leis an gcéad ní dhíobh agus na harstocrataigh leis an ní eile, agus tá éirithe leo san a bpoinnte féin a bhuachtaint le cur san mbuinreacht atáthar a cheapadh; ach deir mo chara an Duitseach fir, go bhfuil súil aige, ar an bhfáth san ar leithileith go ndiúltóchaidh an pobal do'n bhuinreacht, ins na tionóla tosaigh. D'innis sé fós dom, fé'n mbuinreacht atá beartaithe, go mbacfar ar an gcléir bheith 'na dteachtaí san dáil reachtais agus go raibh a shúil le Dia aige go mbacfaí ar dhligheadóirí leis é, gur lucht cómhcheilge is uisce fé thalamh iad agus ó's mó bhí taithighe aca ar bheith ag cainnt go

poiblidhe, agus bheith ag meascadh na córach agus na héagcórach, is minic d'fhéadaidís daoine ba mhacánta agus dob iniúla ná iad féin a shárú agus a chur 'na dtost.

Ní mé nár gháir im chroidhe istigh fé'n tuairisc sin ar dhream mo chómhbhráithre, lá d'á raibh, ag barra na dlí san Hollainn. Is ionann dligheadóirí ar fuaid an domhain mhóir uile. B'iad lucht an bharra i nÉirinn an dream ba scannalaighe, ba lobhtha agus ba lugha prionsabal, maidir le polaitidheacht, d'ár bhuail riamh liom. Caora dhubh 'na measc dob eadh mise agus bheirim buidheachas do Dhia mé bheith réidh leo ; maisle ortha ! Is fuath liom fiú cuimhne na gCeithre gCúirteanna d'á fhaid uaim iad. 'Seadh, le congnamh Dé ní fheicfidh aoinne choidhche arís mé fé ghúna dhubh agus láin-pheirbhig áiféisigh ; téigheadh gairm na dlí do'n diach, is áthas dom bheith scartha leis. Ach dála an scéil ó chianaibh, tá feicithe anois agam Pairliméid na hÉireann, Pairliméid Shasana, Congress na Stát nAontaithe, Corps legislatif na Frainnce agus an Chómhdháil Bhatáibheach ; chonnac, leis, Cómhdháil bheag shuarach na nÓglach againn féin bliain 1783 agus Coiste Coitchionn na gCatoil-iceach i mbliain 1793 ; i dtreo go bhfuil, maidir le cóimthionóla breithniúcháin, oiread aca feicithe agam le haon fhear, measaim, agus ortha san uile atá luaidhte agam níl breith ag ceann ar bith aca, le hainspiantacht gan náire agus le díth gach sobháilce agus macántachta, agus fiú gnáthghalántachta, ar dháil reachtais mo dhúthaighe mí-ádhmhair féin ; na cuirbthigh, tagann olc orm gach tráth mhachtnuighim ortha.

Do chaitheas dinnéar im *auberge ;* le linn an chúrsa iarmbéile ghaibh cinéal de bhuidhin cheoil isteach, ceathrar ban ortha (beirt aca dathúil) agus beirt fhear. Do bhí *tambour de basque* ag bean aca agus bheidhlíní an chuid eile ; dheineadar ceol agus amhrán gach re seal agus níorbh olc chuige iad. I bpáirteanna a ghabhaidís amhráin thugas fá ndeara, páirt tosaigh, an dara páirt agus bass ; b'é ealadha scuir aca ná *an Marseillaise* 'na gcanúin féin, agus annsan ghaibh an bhean ba dheise aca timcheall le pláta ag déanamh bailiúcháin. Ní ró dheimhin liom gur mó an taithneamh a gheo-bhainn as ceol níb fhearr ná é. Tháinig, leis sin, i gcuimhne dhom lucht bailití a ghabháil ar Ché Urmhumhan, agus lasas le náire.

I dtigh caifé chuas chun té agus léigheas páipéir Pharis ann, 'sé sin páipéir an Rídhreama, ní raibh a malairt le fagháil agam ; bhíos bréan d'á dhúire agus a bheadaidhe bhíodar ; ní tuigtar fós i gceart san bhFrainnc cad is saoirse na gcló ann ; is scannalach agus

is fuathmhar na hionnsaithe gránna gan agairt a deintar fé'n Rialtas. Dá mb' i Sasana é níl duine de na hiriseoirí cuirbthighe sin nach i Newgate a gheobhthaí é go ceann dhá bhlian de dheascaibh an caogadú cuid de'n mhíchlú éithigh a foillsightar ó ló go ló i bParis, gan agairt d'á luighead ; ach d'á aindeoin sin féach pililiú gearáin ag na rascailí go bhfuilid fé dhaoirse, agus tá clú tíoránach agus lucht anbhroide tugtha ar an Árdchómhairle aca ; agus le n-a linn sin 'sé an fínnéith is fearr ar lántsaoirse gan teorainn, nó ba chirte a rádh, saoirchead ainspianta a bheith san bhFrainnc, ná go bhfoillsightar na míothuairiscí éithigh sin agus ná cuirtar na húdair a cheapann iad láithreach ar na maidí rámha. Ar feadh na hEorpa uile níl tíoránach a scaoilfeadh le lucht a mhaslaithe mar sin gan a agairt ortha ; agus is docht an scéal é, fé'n Rialtas amháin a ceapadh ó thoil na ndaoine, go ndéanfaí úirlis de'n tsaoirse chun amillte féin. Ach arbh áil liom deireadh a chur le saoirse cló ? Níorbh áil ! ach chuirfinn teora chóir réasúnta léi. Ní headh amháin go gceadóchainn gach trácht comhthrom neimhtheasaidhe ach mholfainn é ; ach dhéanfainn agairt dianphionóis ar mhaslóireacht phearsanta, agus ar tharcuisne ghránna tháiriúil de'n chinéal náireach a bhíonn i bpáipéaraibh Pharis. Is ionann saoirse cló mar adubhairt duine céillidhe éigin, agus cead bata d'iomchur, ní nár cheart a bhacadh ar aoinne ; ach má's rogha leis dul agus plaosc a chomharsan nó a chuid fuinneog a bhriseadh leis ní col saoirse air é thabhairt chun chúntais san díobháil a bhíonn déanta aige. Go dearbhtha is é mo thuairim-se—agus má's liom an chaoi choidhche déanfad iarracht ar an tuairim sin a chur chun feidhme—i dtaobh aon Rialtais Poblachta, go mbeadh córú ceart air agus é d'á thoghadh go minic agus le saorthoil an phobail, go mba cheart é bheith 'na Rialtas tréinbheartach. Ba thairbhe agus ba leas do'n phobal féin é, agus b'é taca b'fhearr agus ba dheimhnighe d'á saoirse é ná fulaingeochadh an Rialtas a thoghfaidís-sin le masla gan agairt ; is é an pobal féin a fhulaingigheann an t-ísliú agus an masla i bpearsain a Rialtais féin. Mar sin bheadh dlithe láidre diana agam i n-aghaidh lucht clúmhasla agus tásc éithigh, agus níor bhaoghal liom an t-olc ba lugha do shaoirse an chló, ó fheidhm na ndlithe sin, i dtír mar arbh iad na daoine d'á láinchead féin d'ainmneochadh na giúistísí, na breithiúin agus na coistí. Fiú na dlithe féin, atá, dar liom, 'na dtíorántas ainiochtach fé'n mbuinreacht Sasanach, choimeádfainn agus neartóchainn féin iad fé Phoblacht shaoirse. Is de bhrí gurab é an Rí a cheapann na breith-

iúin dlí agus na siriama ; de bhrí go ndeineann na siriama san claontoghadh ar na coistí, agus de bhrí míle fáth sothuigthe eile, go gceapaim-se ná fuil 'na lán de thriail dlí fé Shasana ach béthé d'á dhéanamh de'n chóir ; ní hamlaidh go bhfuil an dlí go holc do réir a brí, ach le linn a curtha i bhfeidhm go ndeintar tíorántas di ; agus, mar adubhart cheana, ní thuigim cad chuige gurab iad na tíoránaigh amháin a bheadh fé thearmain na dlí, agus an tsaoirse gan chaomhnadh, gan chosaint. B'fhéidir gur eagla gan adhbhar é ach is baoghal liom gur géar a bheidh a chathú fós ar Rialtas na Frainnce toisc a róchúramaighe atáid gan aon chumhangracht a dhéanamh ar shaoirse an chló. Is lugha baoghal do Rialtas eagla, nó fuath féin, a bheith dho seachas an droichmheas, agus ní heol dómh-sa conus a sheachnóchaidh Rialtas é dhul ar míchlú agus ar droichmheas fé dheoidh, má fhulaingigheann sé, ó ló go ló gan sos, gan agairt d'á luighead, le maslú ainspianta. Ní leigfai le míghníomh chómh dona san i nAmerica, agus má's beo do shaoirse náisiúnta ar uachtar na cruinne is ins na Stáit Aontaithe é. "*Gurab é sin an chéad cheacht ar shaoirse an chló go nuige sin.*" Tá curtha dem chroidhe anois agam an fhearg a bhailigh ann de dheascaibh na mbréag n-ainspianta úd.

Ar ais arís dom ; shiubhluigheas rómham fé'n gcoill go bhfaghainn pálás an Stadtholder úd, tráth, ach níor éirigh liom a fhagháil, agus sin gnó do'n lá amáireach mar sin. D'fhilleas ar m'auberge agus roinnt de'n doilbheas duairc im chroidhe ; ba chuimhin liom ceann de chómhairlí Voltaire i n-aghaidh a leithéide sin. "*Ou bien buvez ; c'est un parti fort sage ;*" agus bheartuigheas a chur i ngníomh. Do chuireas díom bróga agus cóta, bhuaileas orm falaing agus slipéirí agus bheartuigheas ar scléip. Ní fheadar cad chuige thiocfainn go dtí an Hague gan blaiseadh de gin na Hollainne. "*The liquor, when alive, whose very smell I did detest and loathe.*" D'órduigheas gin, uisce, agus siúicre. "*On which the waiter disappeared, and returned instantly with the noggin.*" Do dheineas aithris ar fheabhas ar an Tighearna B. ; d'ólas "fé thuairim shláinte mo mhúirnín dílis" ; "ár gcáirde i nÉirinn" ; "Poblacht na Frainnce le n-a trí fé thrí" ; "Poblacht go luath i nÉirinn, le gártha is árdghlór coitchionn" ; "An Taoiseach Hoche agus arm Shambre et Meuse." Críoch mór scléipe a bhí ar an tráthnóna.

Aibreán 28.—Ó táim le gluaiseacht ó'n Hague amáireach do cheannuigheas Treoraidhe an Taistealaigh chun caitheamh aimsire san mbád ag léigheadh ar na nithe ba cheart dom fheicsint nuair

bhíos ar an bhfód. Ní léir dom deighchiall mo mhargaidh, ach is léir dom gur de'n dream sin me is mór tré n-a líonmhaire atáid, agus is iomráidhteach tré n-a éascaidhe scaraid le n-a gcuid airgid, agus dála an scéil, ní miste a thuigsint gur róghann fé'n earradh san atáim féin ar láthair na huaire.

Dinnéar mar ba ghnáth ach cuideacht níos meascaithe ann ; ar an gceann tíos de'n bhórd bhí teachta de'n Chómhdháil, ab fhiú cuid mhaith, agus ba thírghrádhthach seasamhach ; láimh leis i n-eagar úird bhí triúr d'fhearaibh comónta, "*said they were farmers—indeed looked like farmers, in boots and spattered.*" Thárlaidh cómhrádh fada eatartha-san agus fear na Cómhdhála. Thugas fé ndeara gur éist súd go haireach leo agus gur scríobh nótaí ar a ndubhradar. Sin mar ba cheart. Cuirm cheoil tar éis dinnéir, mar bhí indé, ach go raibh a mhalairt de chóiriú ar an mbuidhin : "*On n'y voyait ni tetons ni beaux yeux.*" 'Na ghnáthchainnt, fir ab eadh na haisteoirí, ach bean aonair, a ghaibh, binn go leor, cúpla *duo* nó trí, agus *bossu* beag tuairim trí troighthe i n-aoirde ag gabháil na páirte eile, agus binneas a cheoil féin ag dul go croidhe ann. Thug a nós súd chun amhrán is aisteoireachta árdthaithneamh dom ; mar dheineadh sé aisteoireacht, leis, agus tar éis na cuirme thugas síntiús do féin do. Ní fhéadfainn gan cuimhneamh cad é mar annlan a dhéanfadh Sterne as ceolchuirm aca so, agus as an bossu bocht so a thaidhsigh a bheith 'na fhear díoghraise 'na ealadhain féin. Dream gan áird na ceoltóirí seo má bhíonn an opera id aigne, ach má's lucht bailití i dtíortha eile a bhíonn ar aigne agat is galánta thar barr iad, agus, dar deimhin, chonnac beirt nó triúr ortha go mb'aoibhinn liom féin bheith chómh maith leo ar na gléiseanna.

Tar éis dinnéir bhuaileas amach ar fuaid an Hague : "*People may say this and that of being in Newgate, but, for my part, I find Holland as pleasant a place as ever I was in in my life.*" Is aoibhinn é. Bíonn fonn orm, ag gabháil na slí dhom, a rádh ós árd "*Thou almost persuadest me to be a Dutchman.*" Pé duine bheidh 'na Thaidhleoir san Hollainn ó Phoblacht na hÉireann ní hé is measa bheidh as de'n *Chorps Diplomatique.* D'fhilleas chun an auberge; d'fhiafruigheas de'n dáileamh "*if he could help me to a glass of genever, or so?*" (Mo dhubhshlán fé fhear, bean ná páiste an t-ionad ó dtáinig an t-aithfhriotal san d'aimsiú.) Níor theip ar an dáileamh úd—an Tighearna B., ⁊rl.

Aibredn 29.—Do ghluaisigheas ar maidin, san trakschuyt, go hAmsterdam ; chonnac dhá chuirr, fireann agus baineann, ag

déanamh a nide ; ba ródheas an eisiompláir *bon ménage* é, agus ní fhéadfainn a innsint an taithneamh a thug sé dhom bheith ag faireadh a dhícheallaighe bhíodar ag obair, agus an chabhair a bheiridís féin d'á chéile. Nach maith thaithneochaidís lem mhúirnín croidhe.

Do bhí an cathardhach Van Amstel, teachta de'n Chómhdháil 'na chómhthaistealach faram. Do casadh orm ag an dinnéar roimis sin é ; agus an tráth chuas go tigh an tionóil, bhí sé ar an dream gur thaispeáin an Duitseach úd m'aitheantais, "*whose name I know not, but whose person I reverence*," dom é, agus go dtug teist fhónta le tírghrádh agus poblachtóireacht air. Is gearr gur aimsigheamar a chéile ; deir sé liom go bhfuil tuairisc fachta ag an gCoiste le Gnóthaí Coigcríche ó'n Taoiseach Daendels, an Taoiseach Árdcheannais, go bhfuil na coingheallacha tosaigh i gcómhair síothchána sighnithe, go dearbhtha, idir an Phoblacht agus an Impire, agus ná fuiltar i n-aon amhras ná gur mar sin atá ; máiseadh, is rímhaith an nuacht san. Go deimhin ní éileochaimís níos fearr é ; ach tá riail sármhaith agam-sa, agus ní thiubhrad cúl anois léi, mar atá : gan géilleadh thabhairt d'aon nuacht fhónta go mbí sé 'na scéal deimhnithe ar feadh cheithre huaire fichead ag an saoghal mór. Thug sé scéal eile, leis, dom, agus má's fíor, ní lugha tábhacht liom é ná an scéal i dtaobh na síothchána leis an Impire, mar atá ; go raibh ceannairc ar siubhal ar bórd chabhlaigh Shasana ; gur óbair do na mairnéalaigh an tAimiréal a chaitheamh i bhfairrge, gur thriaileadar, gur dhaoradar agus gur chrochadar duine d'á gcomrádaithe féin toisc cur 'na gcoinnibh. Ní féidir gur fíor scéal chómh fónta leis, agus tá míofhoidhne orm go gcloisead a bhunús. Ó Hamburgh a hinnseadh do'n *Chomité des Relations Exterieures* é, agus mar sin beidh fírinne an scéil le fagháil agam nuair a bhuailfead lem mhuinntir i nGroninguen. Ar scaradh dhúinn d'iarr Van Amstel orm teacht chuige nuair d'fhillfinn go dtí an Hague agus do thairg, dá bhféadadh áis a dhéanamh, go ndéanfadh dom é, agus leis sin "*I flourished my hand over my head in the most graceful manner*" agus cheileabhras do. Is dóigh liom go n-iarrfad air mo mhúirnín croidhe a leigean i n-ailléar ghalánta na Cómhdhála. D'fhilleas ar mo sheanphúicín san Neuss, mar a bhfuil, dála an scéil, cóir mhaith lóistín orm. Taithnighid na tabhairní Duitseacha thar barr liom.

Aibreán 30.—Do ghluaisigheas ar mo thuras go Groninguen, an t-ionad coinne dheineas lem mhnaoi agus lem bháibíní ; ghabhamar thar an Zuyderzee istoidhche ; dhá uair déag a chluig díreach a bhain sé dhínn.

Bealtaine 1.—Do shroicheas Lemmer ar a hocht ar maidin agus ghluaisigheas láithreach san trakschuyt chun Strobosch ; lá aoibhinn agus leoithne álainn ar feadh na slí uile ; iliomad d'éanlaithe géim ar feadh an chanáile. Do cheapas iomramh, agus a fhios do Dhia tráth a dhéanta, go mbeidh mo bhean, an Ruiséallach agus mé féin ann, trakschuyt ar fostadh míosa againn, le dul 'nár rogha áite, stad 'nár rogha trátha, cómhnaidhe ar bórd ár mbáid, gunnaí bhreith linn agus fearas iascaigh, 7rl. agus, mar sin, mórchuaird na Hollaine thabhairt. Nárbh aoibhinn sin ! *"A very pretty journey indeed, and besides, where is the money ?"* Ó dhe ! mo léir !

Bealtaine 2.—Do chodluigheas araer i Strobosch i seomra sé leabthan agus cúigear Duitseach ag sranntarnaigh ins na leabthacha eile is b'uasal suairc sin. Groninguen ar a 12 a chlog ; an baile go néata dála bailte na Hollainne uile, ach ná raibh chómh hálainn le furmhór d'á bhfeaca aca ; chuireas fúm ag an Niewe Münster.

Bealtaine 3, 4, 5, 6.—Mé ar mire le heagla anbhuaine i dtaobh gan mo mhúirnín croidhe bheith tagaithe fós, is gan scéal ná tuairisc agam uirthi ; chuas gach lá chun an chanáile chun bualadh leis na báid ó Lieuschans mar a dtiocfaidh sí. Ní rabhas, a ghrádh ! ní rabhas chómh buartha so riamh im shaoghal. Do chuas tráthnóna amháin go dtí an Coméide Duitseach ; cúis feirge dhom, gach tráth nuair chím méid na héagcóra atá déanta ag náisiúin eile ar na Duitsigh ; ní raibh ionnta so ach buidhean taistil agus de chláracha deineadh an amharclann, tigh neambuan a tógadh d'aon ghnó i gcómhair an aonaigh a mhaireann annso trí seachtaine. Do léirigheadar, ámh, aistriúchán de *Mherope* Voltaire, slachtmhar go leor, agus go rímhaith an iarmhír, b'é sin an *Tableau Parlant ;* ní b'fhearr, cuir i gcás, ná mar chonnac d'á léiriú é san bhFrainncis ag Rennes nó ag Brest.

Do chonnac cath Chasseur fé chótaí, bhesta agus brístí ghlas-uaine agus cábaí agus cufaí cróidhearga ; bhí ríflí ag dhá chum-placht nó trí aca, agus thugas fé ndeara gur aindeis an lámhach a bhí d'á dhéanamh aca fé cheap crústaigh. Bíodh go raibh gléas ar a luigheadh na gunnaí aca, agus gur dona an nós san, ar 150 slat níor bhuail duine as an deichniúr aca ceap crústuigh go raibh leithead trí dtroighthe nó a ceathair ann agus níor bhaoghal gur bhuail aoinne aca an sprioc láir. Tá an ceathrú leithbhriogáid Duitseach annso, san ngarastún, éide gorm ortha fé mhaisiú bánbhuidhe, agus deall-ramh fónta air ; tá, leis, cipe Hussard ann i n-éide dhubhghorm, ar nós cipe a sé againn-se, agus is maith a ndeallramh.

Bealtaine 7.—Fé dheoidh, indiu, um thráthnóna, agus mé ar mo ghnáithshiubhal ar feadh an chanáile, b'é an t-áthas gan teora dhom é radharc d'fhagháil ar mo mhúirnín croidhe agus ár mbáibíní beaga, ar mo dheirfír agus a fearchéile ag teacht go slán folláin. Níl innsint scéil ar an lúthgháir a bhí orm. (Seo anois deireadh, go fóill pé scéal é, lem chínlae.) Ó thána do'n Fhrainnc, tá tuairim cheithre mí dhéag ó shin, leanas d'á scríobhadh síorthráthúil go leor le hintinn go dtaithneochaidís lem mhúirnín croidhe. Ó táimíd le 'chéile arís, níl gábhadh leo ; caithfeam fanúint go mbeam scartha arís.

Amsterdam, Bealtaine 15, 1797.

XXX

AR BÓRD AN CHABHLAIGH SAN TEXEL.

1797—BEALTAINE 26 GO MEÁN FÓGHMHAIR 12.

Nuacht ó Éirinn i dtaobh leathnú na nÉireannach nAontaithe ann, agus ar achrann fóirnirt a thosnú. Scéala i dtaobh ceannairce i gcabhlach Shasana. Tone do bhualadh le Lewines. A gcómhráidhte araon le Hoche. Feachtas d'á ullmhú san Texel ag an bPoblacht Bhatáibheach chun dul go hÉirinn. Hoche, Tone agus Lewines ag an Hague i láthair an Choiste i gcómhair Ghnóthaí Coigcríche. Réidhteach Hoche ar cheist chrosta. An Taoiseach Daendels. Socrú go raghadh Tone leis an gcabhlach Duitseach. Trácht ar fheachtas eile ó'n bhFrainnc. Tuairim Hoche i dtaobh Bhuonaparte. Tone ar bórd an chabhlaigh san Texel. Cabhlach Shasana i mbéal an Texel. Glas cuain le gaoith mhíochóir ar feadh míosa ar an gcabhlach Duitseach. Cómhairleacha agus beartúcháin. Crádh agus éadóchas. Teachtairí ó Éirinn tagaithe ag lorg cabhrach. Turas eile go dtí an Hague. Imeacht Tone ó'n Texel ar ais go dtí Hoche.

[*An Tréimhse do Chaith an Taoiseach Tone san Arm Bhatáibheach.*]

(Nóta do scríobh a mhac :—An lá céadna 'nar ghluais m'athair iseadh tugadh cath mórchlú Neuwied agus sular shroich sé Amsterdam, bhí deireadh leis an gcogadh, agus stad le caithréim Hoche ag scéala an tsosa cómhraic a dhein Buonaparte leis an Ostair. Dob aoibhinn ach gur ró ghearr an tréimhse a chaith m'athair i dteannta a líntighe. Ar feadh tuairim coighcíse do thaistil sé linn ar fuaid na Hollainne agus na Beilge, do scar linn i mBrusell agus bhí sé ar ais cheana féin san gcinncheathrúin i gCologne an 26adh lá de Bhealtaine, agus leanamar-na orainn go Paris. Na nithe tábhachtacha a thárlaidh annsan, táid áirmhithe san dialainn seo leanas. D'ath-thosnuigh air sin ar sroichint annsúd do.)

COLOGNE, *Bealtaine* 26.—Chím indiu, san Journal Général, alt a tógadh as pháipéar Sasanach, coighcíos d'aois, mar a bhfuil tagairt d'eolas a fuairtheas i nÉirinn go raibh cóimhfhreagairt ar siubhal

idir lucht an mhíoshásaimh annsúd agus an Fhrainnc; gur scéith duine aca agus gur chionntuigh an chuid eile agus, ar a fhianaise siúd, gur gabhadh tuairim caoga duine i mBéal Feirste is 'na chómhgar, agus Eaglaiseach Dí-aontach ortha san; gur tógadh a bpáipéirí uile agus ar chómhairle Mhr. Pelham an Rúnaidhe Sasanach go rabhthas chun iad a chur d'á scrúdú ag Coiste Rúnda de'n House of Commons. Ní haon mhagadh an scéal san. Tá scéal fuirmiúil ó'n Rialtas i dtaobh an ghnótha so. Maidir liom-sa, níl le rádh agam, ach, má bhí cóimhfhreagairt ann, is gan a fhios dómh-sa é; ach, máiseadh féin, is áthas croidhe liom é, 'sé an tEaglaiseach Dí-aontach ná Sinclair Kilburne, fé mar chonnac i bpáipéar i nAmsterdam; ach ní fheadar cia hé fear an bhraithte; thaithneochadh liom radharc d'fhagháil air, dar liom.

An chuid eile de'n Bhealtaine.—Bán.

[*Leitir chun Mrs. Tone.*]*

ARMÉE DE SAMBRE ET MEUSE,
ÉTAT-MAJOR GÉNÉRAL.

An Quartier-Général a Friedberg, le 14 *Prairial, l'an* 5 *de la Rèpublique Française, une et indivisable.*

LIBERTÉ. EGALITÉ. FRATERNITÉ.

A MHÚIRNÍN CHROIDHE: Feach nách bláthmhar an duilleog pháipéir go bhfuilim ag scríobhadh chugat uirthi; sí an fhírinne í, ámh, ná fuil a mhalairt agam. Thána annso tráthnóna indé go slán folláin agus sin é dhuit i n-aon fhocal amháin a bhfuil de nuacht agam duit. Tá an Taoiseach amuich ar cuaird, a bhainfidh cúig nó sé de laethe dhe b'fhéidir, mar sin ní fheaca fós é; tá ceathrúna maithe lóistín bainte amach agam, agus ó mhairimíd go léir d'aon bhuidhin san État Major, tá an scéal chómh maith, chómh suairc agam agus d'fhéadfadh a bheith it iongnais-se. Is mó go mór an chúis chreidiúna do'n Fhrainnc ná dómh-sa é go bhfuil sé d'ádh orm gradam mo chomrádaithe uile bheith orm. Fágaim fút féin a mheas conus a bheadh ag Franncach i Sasana san gcúinse céadna; ach measaim go ndearna tagairt do san cheana leat.

---

* Do scríobhadh an leitir sin tar éis Tone do dhul ar ais go dtí Arm Shambre agus Meuse tar éis a mhuinntir a scaoileadh uaidh go Paris.

A mhúirnín, is mór an t-aoibhneas liom cuimhneamh ar an turas úd a thugamar go deireannach ; ní rabhas riamh measaim, chómh sona agus níl coinne agam go mbead choidhche pé feabhas a raghaidh, má théigheann, choidhche, ar ár gcúrsaí. Dob aoibhinn é ; tagann aiteas orm nuair a chuimhnighim ar gach áit mar a rabhamar i dteannta chéile ; ní dhearmhadfad go bráth é.

Ach ní chun é sin a scríobhadh a shuidheas. Conus atá do shláinte fé láthair ? Conus tá do mhisneach ? An ag Nanterre duit ? An bhfeacaís Madame Ó Séaghdha ? Conus a thaithnigheann Mademoiselle leat ? An bhfuil lóistín chun do thola agat ? An bhfuil scéal ó Mháire agat. An bhfuil do chuid airgid fachta ag Giauque dhuit. An bhfuil do ghloiní ceoil ceannaithe agat ? Conus atá na báibíní ? An mbíonn Maria ag priocadh ar a guitar ? An bhfuil Will chómh maith is bhí riamh ? An bhfuil Proinnsias chómh mór 'na thíoránach is bhí ?

" Are the groves and the vallies as fair ?
Are the shepherds as gentle as ours ? "

Táim 'ghá iarraidh ort na ceisteanna san ar fad do fhreagairt, go mórmór an dá cheann deiridh mar gurab iad san is tábhachtaighe liom agus gur chuireas i bhfilidheacht iad d'á bhrí sin mar go n-admhuightar gur fusa a mheabhrú agus a chuimhniú é ná prós. Táim 'ghá iarraidh adeirim go bhfreagróchthá ceann ar gceann iad, agus iad so leanas, leis :

An bhfeacaís Madgett ? An bhfeacaís an Súilleabhánach, a gharmhac ? An bhfeacaís aoinne eile gurab aithnid nó nach aithnid dom é ? Conus a chuiris díot an turas san diligence tubaisteach úd ? An raibh tuirse a n-anma ar na báibíní ? Ar dhaoine lághacha do chuid *compagnons de voyage* ? Agus, ar deireadh, conus a thaithnigheann an Fhrainnc leat, i gcoitchinne, agus Paris ar leithileith.

Tá liodán cuibheasach maith de cheisteanna curtha anois agam ort agus táim 'ghá athchuinghe ort iad a fhreagairt an lá gheobhair í seo. Inneosaidh Madame Ó Séaghdha dhuit conus a chuireann sí uaithi a cuid leitreacha agus dein-se mar dheineann sí siúd.

Maidir le nuacht, táimíd d'á uireasbhaidh annso ; tuigtar dúinn go mairfidh an tsíothcháin ; ach, muna ndeinidh ní gábhadh dhuit an bhuairt is lugha a bheith ort ná go mbead-sa slán : mar bímíd-ne lucht an État Major, ó's uaisle pinn sinn, i gcómhnaidhe 'nár gcuid bureaux go socair, siubhal dhá lá nó trí laistiar de'n arm, gan

baoghal urchar channóin d'ár sroichsint, ná a ghlór, féin ; athchuinghim ort, d'á bhrí sin, pé aca 'na chogadh nó 'na shíth é, gan buairt a ghlacadh tré eagla nach gábhadh.

Sin deireadh agam, do'n chor so ; beidh coighcíos fhada ann sula bhfaghad freagradh. Tabhair, mar is gnáth, do na báibíní céad milliún póg thar mo cheann. Táim 'ghá cur so fé chlúdach go Madgett a chuirfidh chun cinn í.

Slán leat, a mhúirnín chroidhe. Beannacht Dé ort.

Do ghiolla agus do bhascú féin.

J.S.

A Bháibín ! "Dáiríribh, nach truagh leat sinn-ne créatúirí bochta i mbun gnóthaí ?" Is deimhin liom gur ghoineas leis sin tú, a Bháibín. "Faire, cad é mar aineolas !"

Do sheirbhíseach umhal. J.S.

Meitheamh 1, 2, 3.—Bán.

Meitheamh 4.—*Friedberg*. Alt fada i *Moniteur* an 27adh lae, as páipéir Bealtaine 18 ó Shasana. Tá cúntas aithghearr ann ar an tuarasgabháil a thug an Coiste Rúnda úd a luadhas rómham, a lán d'á bhfuil ann dob eol dom féin cheana iad ; tá an cumann, ámh, i bhfad níos mó ná mar bhí nuair d'fhágas-sa Éire. Is é is tábhachtaighe san scéal ná breis agus 100,000 d'Éireannaigh Aontaithe bheith i dTuaisceart na hÉireann agus go bhfuil mórchuid arm aca, agus ar a luighead ocht bpíosaí ordnáis, agus mortar, i bhfolach. Is dócha go bhfuil dlí airm fógartha fadó riamh, mar chím i *nGazette Fhrancfort*, alt ó Shasana fé dháta Bhealtaine 23, mar atá, chúig lá tar éis ailt an *Mhoniteur*, agus trácht ann ar chúpla greas nó trí a thárlaidh idir an arm agus dreama éigin scaipithe de na daoine, atá fé uachtaránacht na gceannairceach, agus gur ag an arm a bhí an bhuaidh, dar ndóigh. Ní chreidim go bhfuil na daoine ullamh chun éirghe-amach coitchionn, dáiríribh, i n-aon chor agus farais sin, cá fearr an fhírinne a cheilt, ní chreidim go bhfuil an misneach ionnta chuige. Ní hé eagla an airm ach eagla na dlí, agus síorchleachtadh na sclábhaidheachta atá d'á gcoimeád síos ; ní hé eagla an Taoisigh airm í ach eagla an bhreithimh. Tá, de dheallramh, san tráth céadna, an Marcus Cornwallis luaidhte le ceannas an airm i nÉirinn, agus gur éirigh an Tighearna Ó Néill, Mr. Ó Conghailigh agus Diúic Laighean as a gcipí féin. Tá aithris déanta ar an Diúic ag na oifigigh uile i militia Chill Dara ; tá sásamh éigin san gcuid deiridh sin de'n scéal.

Meitheamh 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11.—Tá an mhídhílse fós ag borradh ar bórd cabhlaigh Shasana agus é dulta san arm. Taidhsighid siad bheith suaimhneasach, ámh, fé láthair, ach is de bharr gur ruaigeadh as an gcabhlach roinnt oifigeach nár ghnaoi leis na mairnéalaigh é, agus tré mhéadú ar phágh do mhairnéalaigh is do shaighdiúirí. Tráth is éigean do Rialtas géilleadh mar sin dar liom-sa is cómhartha dearbh ar mheath cómhachta é. Tá dlí airm fógartha i mBaile Átha Cliath agus chím gur briseadh preasanna an *Northern Star* i mBéal Feirste le militia Dhún na nGall. Deirtar, 'na choinnibh sin, go bhfuil dhá luing triochad líneagair agus sé frigéid fhichead gabhtha ag Buonaparte i Venice ; ach muna fíor ach a leath san féin, is mór an duais sin. Is deimhin, leis, creidim, go bhfuil gluaiste ag Massaredo ó Chadiz, leis an gcabhlach Spáineach, ó'n 21adh de Bhealtaine. B'fhearr liom slán folláin é i gcuan Bhrest. Do chuas ag marcaidheacht amach indiu fara an gcuid eile de'n État Major chun ár ngradam a chur i n-úil do Landgrave Hesse Cassel a ghaibh tré Friedberg ar a shlí go Hanau mar a ndéanfaidh léirfhéachaint a thrúpaí amáireach ; b'fhearr liom go mbeinn ann. Tá a lán cainnte san gcinncheathrúin ar an Impire agus Rí na Prúise bheith ar barraoid namhdais le'chéile. Tá an Landgrave cáirdiúil leis an dara duine sin. Scéalaidhe maith an aimsir.

Leitir chun Mrs. Tone.

CINNCHEATHRÚIN I BHFRIEDBERG,
Prairial 25, *bln* 5.

A MHÚIRNÍN CHROIDHE : Ar an nóimeat so iseadh fuaireas do leitir fé *dhith* dáta ó Nanterre, agus tá áthas ós meon orm go bhfuilir féin agus ár mbáibíní tar éis rochtain slán, agus ar fheabhas mar seo, tá súil agam : mar ní fhéadaim a cheadú dhuit bheith breoite. Sin anois agat críochnaithe mo leitir agus é de bhuaidh, ar a luighead, aici bheith i leith a groide. Cad é i n-ainm Dé atá T— a dhéanamh i bParis ? Agus, fós, cad a thug air bheith fé ainm chómh míochháilmhar ? Inneosad 'na chogar é, is tré bhaothuaill amháin é; ach fág marbh é mar scéal. (Gabhann) *"Oh 'tis thus we'll all stand by, the great Napper Tandy."*

Allons ! Táim ag imeacht ar an nóimeat so go Coblentz ; ó Choblentz raghad go Trèves, agus ó Thrèves, b'fhéidir, go Paris ; ach níl san socraithe fós, agus mar sin ná trácht air *le duine d'á maireann beo*. Ní fhéadaim a innsint, ach " *I shaved a great man's*

butler to-day." Do bhronn an Taoiseach indé orm an capall ba bhreághtha ag an État Major, rud a chreach mé : mar b'éigean dom do réir dualgais, diallaid bhreágh agus fearas, ⁊rl. a cheannach, d'á bhrí sin (Gabhann) "*Says this frog, I will go ride,*" ⁊rl.

Slán uaim chugat, a mhúirnín 'chroidhe : scríobh chugam láithreach, cruinn díreach chugam féin *A l'Adjt. Genl. Smith, a Trèves, poste restante.* Tá an *ordonnance* ag béicigh orm agus caithfead stad annso ; ach críochnóchad an leitir seo i dTrèves agus cuirfead, mar dheineas cheana, fé chlúdach go dtí Madgett í. Ar an am so is giolla ró-umhal mé dhuit féin agus do'n bháibín.

"If the tail had been stronger
My story had been longer,"

Mo shlán chugat a chuisle mo chroidhe, agus, *ar t'anam, ná habair focal i dtaobh mo dhul-sa go Paris,* ar eagla ná raghainn, b'fhéidir.

Mo mhíle deighmheas do Mhadame Uí Shéaghdha agus do Mhlle.

J. S.

Ar n-a scríobhadh ar bórd an Vryhéid, long 74 gunna, fé'n Aimiréal Dewinter, ag an Texel, Iúl 4, 1797.

Is fada nár scríobhas aon mheamram, d'aindeoin go rabhas go lánghnóthach ; ach le fírinne, is amhlaidh a bhíos ró ghnóthach. Níl agam anois ach tuairisc athchumair a thabhairt ar gach a dtárlaidh, an chuid is tábhachtaighe dhíobh, le mí.

Meitheamh 12.—Ag an Quartier-Général i bhFriedberg. Thug an Taoiseach isteach san ngáirdin mé an tráthnóna san agus dubhairt go raibh scéal aige dhom. D'fhiafruigh annsan, "Arbh aithnid dom duine darab ainm Lewines." Dubhart gurbh aithnid, go rímhaith, agus gur mhór é mo mheas ar a thallainn agus ar a thírghrádh. "Maiseadh," ar sé, "tá sé i Neuwied, ag feitheamh leat-sa ; caithfir imeacht maidin amáireach ; nuair bhuailfir leis caithfidh sibh araon dul go Trèves agus fanúint annsan le hórdaithe." Ar maidin lae ar n-a mháireach ghluaisigheas agus ar an 14adh lá um thráthnóna do shroicheas—

Meitheamh 14.—*Neuwied ;* mar a bhfuaireas Lewines ag feitheamh liom. Ní fhéadfainn cur síos ar an lúthgháir a bhuail mé nuair chonnac é. Thugas lántuairisc ar m'imeachta dho agus ar gach a dtárlaidh ó thána do'n Fhrainnc, agus d'innis súd dómh-sa gach

ní le tábhacht i dtaobh na hÉireann ; agus go mórmór i dtaobh mo cháirde atá anois i mbaoghal ann. Ní fhéadfainn gach a ndubhairt a chur síos, ach do choimeád sé ar siubhal sinn an fhaid a bhíomar ag Neuwied agus le linn ár dturais go—

Meitheamh 17.—Trèves, áit a shroicheamar ar an 17adh lá. Is é buaidh an scéil gur cuireadh annso é ó Choiste Gnótha Phobail Aontaithe na hÉireann chun a éileamh thar a gceann an chabhair fear agus arm agus airgid a chuirfeadh ar a gcumas dul fé'n bpáirc d'fhógairt a saoirse ; tá na daoine d'aonbhuidhin cóirithe agus níl i n-easnamh ach an *point d'apui*. Is iad órdaithe atá aige an Fhrainnc, an Hollainn, agus an Spáin a chásamh. I Hamburgh, mar ar chaith sé dhá mhí beagnach, bhuail Senor Nava áirithe leis, oifigeach áirdchéime i gcabhlach na Spáine, a cuireadh ann ó Phrionnsa na Síothchána ar thoisc éigin tábhachtaigh ; nocht sé a scéal do Nava, gur scríobh súd d'á bhrí sin chun a chúirte féin, go bhfuair freagradh, bíodh le fírinne gurbh fhreagradh éideimhnitheach é, ach é go mór fabhrúil ; agus ba thuar deighscéil é go bhfuair an freagradh i gcionn dachad lá ó dháta leitir Nava, tréimhse is lugha ná mar b'aithnid riamh do ghiolla turais d'á shroichsint, agus gur chómhartha san ar dhíoghrais an Aire Spáinigh. Is é órdú atá ag Lewines £500,000 stg. d'éileamh ar an Spáin agus airm 30,000 fear. Ar an 19adh lá tháinig Dalton Aid-de-camp an Taoisigh chugainn le hórdaithe casadh thar n-ais go——

Meitheamh 21.—Coblentz, baile a shroicheamar ar an 21adh lá Casadh an Taoiseach Hoche orainn. Dubhairt sé, mar gheall ar theacht Lewines, gur chuir sé Simon uaidh, duine d'á Thaoisigh Chonganta, agus a bhí ar ár bhfeachtas-na cheana, chun an scéal a thathant ar an Árdchómhairle agus ar Aire na Luingseoireachta; go raibh curtha, leis, uaidh aige cóibeanna de gach páipéar ba riachtanach, agus ortha-san go speisialta páipéir a scríobh Lewines le déannaighe agus a thuairim féin 'na dteannta, ag cur leo chómh tréan agus ab fhéidir é ; go raibh sé díreach tar éis freagradh gach dreama aca d'fhagháil, agus san chómh fabhrúil agus fhéadfaimís féin a iarraidh ; ach go raibh Aire na Luingseoireachta láinbheartaithe nár cheart gan feachtas lánmhór a dhéanamh de agus nár mhór, ar a luighead, dhá mhí eile chuige sin. Ó bhí seanaithne agamsa ar Bhrest agus gurbh ionann dhá mhí i mbéarla lucht na Luingseoireachta, agus ceithre mhí, nó a cúig nó a sé, b'fhéidir, chuireas i n-úil an riachtanas a bhí le beart luath, d'fhonn tairbhe bhaint as an gcíréib díoscaoilte atá ar siubhal i láthair na huaire i gcabhlach

Shasana de dheascaibh na ceannairce úd, agus do réidhtigh Lewines ó chroidhe liom ; agus dubhramar araon nach sluagh mór airm ba ghábhadh an uair seo ach airm agus lón lámhaigh, i dteannta oiread trúpaí agus dhéanfadh *noyau d'armée*, agus cosaint ar na daoine ar bhailiú ar dtúis dóibh ; agus, fós, go mb'fhearr 5,000 fear a cuirfaí anois ann, nuair a bhí caoi chuige, na 25,000 i gcionn ráithe, nuair a dhéanfaí locadh arís orainn, b'fhéidir, i gcuan Bhrest ; agus d'iarras d'athchuinghe ar an Taoiseach gan a dhearmhad go gcuirfaí an cheannairc ar bórd chabhlaigh Shasana fé chois go luath gan amhras, agus mar sin nár cheart faillighe nóimite a dhéanamh ; dá mbeadh sé de rath orainn Éire shroichsint sula ndeintaí é sin, gur deimhin liom, nach mór, le beart ceart a dhéanamh, go dtiubhraimís na mairnéalaigh ar ár dtaobh, is go rabhadar-san ag trácht cheana féin ar an gCabhlach a stiúradh i gcuanta na hÉireann isteach, agus go socróchaí an gnó mar sin, b'fhéidir, gan aon bhuille cómhraic. Do theannamar an méid sin air agus argóintí eile d'á saghas ba chuimhin linn, mar ab fhearr a bhí 'nár gcumas. Dubhairt an Taoiseach Hoche d'ár bhfreagairt, gurbh ionnan tuairim do agus dúinn féin agus go ndéanfadh beart d'á réir, agus go n-áiteochadh an scéal go láidir ar an Árdchómhairle agus ar Aire na Luingseoireachta. Do thaispeáin sé do Lewines leitir Shimon 'na raibh deimhniú an Árdchómhairle, " ná déanfaí aon tsíothcháin le Sasana gan coingheall-acha chur ann d'fhónfadh do leas na hÉireann do réir tola muinntire na dúthaighe sin. Tá an chainnt sin i leith a treise agus is é is cúis léi, is dóigh, ná éileamh a chuir Lewines 'na mheamram féin, " go mbeadh sé 'na choingheall san tsíothcháin ag Rialtas na Frainnce go mbeadh ar thrúpaí Shasana ar fad dul as Éirinn, agus a fhágáil fé na daoine a rádh ciaca ba rogha leo leanúint de'n cheangal le Sasana nó éirghe as." Dubhairt an Taoiseach Hoche linn gan droichmhisneach a theacht orainn de bhrí eadargabhálaidhe ó Shasana a theacht, mar go raibh beartaithe ag an Árdchómhairle gan aon tsíothcháin a dhéanamh ach ar chúinse a chuirfeadh ó chumas Shasana feasta tráchtáil an domhain mhóir a gabháil chuici féin, agus a dlí féin a chur i bhfeidhm ar gach tír luingseoireachta. Dubhairt sé fós go raibh ullmhúcháin d'á dhéanamh, leis, san Hollainn i gcómhair feachtais is go dtiubhradh tuairsc cruinn 'na thaobh dúinn i gcionn cúpla lá nó trí, agus go dtí sin d'iarr orainn dul 'na theannta go—

Meitheamh 24.—Cologne. Do ghluaisigheamar fé dhéin na háite sin gur shroicheamar é an 24adh lá.

Meitheamh 25.—Ar a naoi a chlog istoidhche chuir an Taoiseach leitir chugainn ó'n Taoiseach Daendels, Taoiseach Árdcheannais airm na Poblachta Batáibhighe d'á chur i n-úil do go raibh gach gnó go mór chun cinn agus go mbeifai ullamh i gceann beagán laethe; go raibh árdfhuadar fé'n arm agus fé'n gcabhlach ; go raibh práinn ghéar le n-a fheicsint féin láithreach ar an gCoiste i gcómhair Gnóthaí Coigcríche (Árdchómhairle *per interim* na Poblachta Batáibhighe) d'fhonn socraithe deimhnitheacha a dhéanamh ; agus go speisialta bhíodar d'á iarraidh air toscaire ó mhuinntir na hÉireann a bhreith leis agus bhí san fé dhó nó trí ag Daendels 'na leitir. D'á dheascaibh sin, chuas chun an Taoisigh a bhí 'na leabaidh rómham ag an Court Imperiale. D'órduigh sé dhom imeacht i dteannta Lewines, gan mhoill agus bualadh leis féin ag—

Meitheamh 27.—An Hague áit a shroicheamar, d'á bhrí sin, tar éis taistil de ló agus d'oidhche. Do chuamar istoidhche chun an Choméide mar ar bhuail an Taoiseach linn fé shaghas *incognito* poib-lidhe ; 'sé sin le rádh, bhí an púdar cíortha d'á ghruaig is gan d'á chaitheamh aige ach froccóta mileata gan ornáid. Tar éis an chluiche leanamar chun a lóistín é san Lion d'ór, mar a dtug sé lántuairisc dúinn ar a raibh d'á ullmhú san Hollainn. B'é tosach a scéil dúinn go raibh fonn díoghraiseach ar Dhaendels, an tÁrd-Gobharnóir Duitseach, agus ar an Aimiréal Dewinter, gníomh suaithinseach éigin a dhéanamh a shaorfadh a dtír féin ó'n neimhiomrádh agus ó'n dreoghadh a bhí tagaithe uirthi ; go rabhadar le hiomad duaidh gan staonadh, tar éis a bhailiú le 'chéile, ag an Texel, sé longa déag líneagair, agus ocht gcinn nó a deich de fhrigéidí, iad uile ullamh chun fairrge agus iad fé sháirghléas ; go rabhadar ar intinn 15,000 fear a chur ar bórd—a raibh de thrúpaí náisiúnta aca,freastal 3,000 d'armaibh, 80 píosa ordnáis, airgead chun páigh dóibh agus lón ráithe de bhiadh ; go raibh iontaoibh thar barr aige as dúthracht gach dreama agus as misneach agus déine an Taoisigh agus an Aimiréil ach gurbh annso bhí an deacair : go raibh Rialtas na Frainnce tar éis a éileamh go gcuirfaí ar bórd 5,000 de ghléire sluaghairm na Frainnce i n-ionad an áirimh chéadna Duitseach, agus san gcás san, d'á ngéilltaí do'n éileamh go raghadh sé féin i gceannas an airm chómhaontaithe agus go ngluaiseochadh chun an Texel láithreach ; ach go raibh an Rialtas Duitseach ag cur constaicí móra san tslí, fátha iomdha d'á luadhadh aca, éifeacht le cuid aca ; go ndubhradar ná géillfeadh na saighdiúirí Franncacha choidhche do chóir smachta an Duitschabhlaigh agus, dá dtárluigheadh amhlaidh

go mbeadh fuar aca bheith 'ghá chur i bhfeidhm ar a gcuid féin gan eidirdhealú aincheart a dhéanamh, rud ba thrúig éada agus míoshásaimh san arm aca ; " ach is amhlaidh atá," arsa Hoche, " gur fonn leis an gCoiste, is le Daendels is Dewinter, gur do'n Phoblacht Bhatáibheach a raghadh oirdhearcas uile an fheachtais seo má éirigheann leis ; dar leo tá a dtír sin imithe ar dearmad san Eoraip agus táid ag cur a bhfuil aca, fiú a ngeall deiridh, san imirt—óir, má theipeann air seo sin bánaithe iad—d'iarraidh an cháil náisiúnta d'aithbheochaint. Tá éileamh Rialtais na Frainnce anois fé bhrághaid an Choiste ; má géilltar do, raghad-sa féin ann, agus, ar aon chuma, bhéarfad sibh araon i láthair an Choiste agus b'fhéidir go ndéanfaimís socrú diongbhálta annsan ar an ngnó."

Do bhraitheas féin agus Lewines annsan go rabhamar i dteannta. Ar thaobh de'n scéal ba róthábhachtach dúinn é go mbeadh Hoche agus a 5,000 grenadóirí againn ; ar an taobh eile dob olc an chiall aon ní a mholadh a chuirfeadh spuaic ar mhuinntir na Hollainne, le linn dóibh bheith ag déanamh díchill thar teorainn ar mhaithe linn, agus iad ag cur na luinge agus na scillinge deiridh d'á raibh aca i bhfiúntar, d'fhonn ár saortha-na, fé mar adubhairt Hoche féin. Do bhíos ag eascainidhe agus ag badhbhóideacht ar nós an dragúin; chuaidh sé go croidhe agus go lár ionnam go mbeadh orainn dul gan an Taoiseach agus ár mbuachaillí beo féin, is go mb' fhearr liom 5,000 aca ná aon 10,000 eile san Eoraip ; ar an taobh thall de'n scéal tuigeadh dom nárbh aon iongnadh go raibh na Hollannaigh ag iarraidh gur aca féin a bheadh an cháil go léir as gnó a hullmhuigheadh agus a socruigheadh ar fad ar a gcostas san, agus b'é sin an costas mór. Ní fheadar cad ba cheart a rádh.

Do réidhtigh Lewines, ámh, é féin agus mise go cliste as an achrann. Tar éis ár ndeacair-ne a léiriú go blasta, d'fhiafruigh de Hoche ar dhóigh leis go n-oibreochadh Daendels fé n-a órdú-san, agus dá ndiúltuigheadh conus a raghadh san leis na trúpaí Batáibheacha ? Ní dhearmhadfad go bráth móraigeantacht Hoche ar an ócáid sin. Dubhairt sé gur dhóigh leis ná toileochadh Daendels, agus, d'á bhrí sin, go ndéanfadh sé féin athghairm ar maidin lae ar n-a mháireach ar an éileamh i dtaobh na dtrúpaí bhFranncacha agus go bhfágfadh an Rialtas Duitseach ar a dtoil féin chun a rogha ruda a dhéanamh. Nuair a breithnightar go bhfuil fonn ós meon ar Hoche chun mórchlú a bhaint amach ; gurab é cuspa a shaoghail, agus an gnó atá curtha aige roimhe chun an clú úd a thuilleamh d'á bharr, ná cómhacht Shasana a chlaoidhe ; gur mór a bhfuil d'á

dhúthracht caithte aige le dhá bhliain i bhfeidhil ár ngnótha-na, agus duadh mór fachta aige, idir an feachtas úd againn-ne agus eile, d'fhonn saoirse d'fhagháil dúinn ; go bhfeiceann annsan fé dheoidh agus deallramh ar an scéal gur leis an bhfear thall a thuitfidh an obair, agus go sciobfar uaidh an ghlóire bhí i n-áirithe dho aige féin; nuair a breithnighthar, 'na theannta san uile, nár bheag aon fhocal amháin uaidh chun urchall a chur fé'n bhfear thall, agus, le n-a linn sin, go bhféadfadh a dhóthain de chúis d'fhagháil mar leith-scéal do féin—ní foláir a admháil gur tréan an iarracht mórsho-bháilce ann é diúltadh do'n chaoi atá ar a thoil féin a cheapadh. Is fíor ná fuil d'á dhéanamh aige ach mar ba dhual d'fhear mhacánta agus do chathardhach fhónta ; tá sé ag tabhairt tosaigh do leas a thíre seachas d'á thuairimí príobháideacha féin ; ach ní cosc orm é sin gan árdghradam a thabhairt do'n iomchur a bhí fé san ngnó so, agus ní dhearmhadfad go bráth é. Nuair a bhí an t-achrann san réidhtithe agus a lán cainnte i gcoitchinne déanta againn i dtaobh ár ngnótha, scaramar le 'chéile go déannach agus sinn go ríshásta le 'chéile, tar éis cinneadh ar dhul roimh neóin amáireach chun an Choiste. Tar éis gach ní, bíodh go bhfuil deallramh dubh ar an socrú so, tá taobh geal leis, leis, fé mar inneosam arís.

Meitheamh 28.—Ar a deich ar maidin, chuas féin agus Lewines i dteannta an Taoisigh Hoche ag triall ar Choiste na nGnóthaí gCoigcríochach, a bhí le 'chéile rómhainn. Ochtar nó naonúr díobh, nach fios dom ach ainmneacha cuid aca, a bhí fara 'n Taoiseach Daendels ann. 'Siad an chuid go bhfuaireas a n-ainm-neacha ná na cathardhaigh Hahn (a thaidhsigh bheith cómhachtach 'na measc) Bekker, Van Leyden agus Grasveldt. An Taoiseach Hoche a labhair i dtosach agus thug cúntas ár ngnóthaí go blasta uaidh ó chuaidh sé féin páirteach ionnta, d'áitigh sé ortha chómh daingean agus gheobhaimís féin é iarraidh an tairbhe thiocfadh as Éire bheith neimhspleádhach, a dheimhnighe bhí, nach mór, go n-éireochadh leis an iarracht dá dtugtaí fé, agus a riachtanaighe a bhí dul 'na bhun láithreach dá ndeintaí chuige é.

Dob é an cathardhach Hahn do fhreagair é. Dubhairt sé gurbh áthas croidhe leis tuairim dhuine de cháil an Taoisigh Hoche a bheith taobhach leis an ngnó; gurbh é fonn a bhí ar dtúis ar an Rial-tas Duitseach ná ionnsuidhe gabháltais ar Shasana, d'fhonn trúig iomroill a dhéanamh ar mhaithe le harm na Frainnce a ceapadh a bheadh i nÉirinn ; de bhrí atharrach crutha a bheith anois ar an scéal gur ghéilleadar do thoil Rialtais na Frainnce agus gur chinn-

eadar ar dhul go hÉirinn ; leis an intinn sin go ndearnadar mórshaothar agus go raibh anois ag an Texel aca sé longa déag líneagair, 10 bhfrigéid, 15,000 de ghléire-sluaighe, 80 píosa ordnáis agus airgead páigh dóibh uile go ceann ráithe ; ach go dtárlaidh constaic ann le goirid de dheascaibh éilimh ó'n Aire Luingseoireachta, Truguet, d'á iarraidh go gcuirfaí 5,000 de thrúpaí Franncacha i n-ionad an áirimh chéadna Duitseach, a cuirfaí thar n-ais i dtír d'á bhíthin sin. Gurbh 'in gnó baoghalach mar go raibh an córas smachta ar an gcabhlach Duitseach mó is dian, agus nár dhóigh go bhfulaingeochadh trúpaí na Frainnce leis ; agus dá dtárluigheadh amhlaidh go mba dhíomhaoin dóibh bheith ag iarraidh é chur i bhfeidhm ar a gcuid féin agus go mb'é críoch an scéil ná cách do dhul ó smacht.

Sin é díreach adubhairt an Taoiseach Hoche linn-ne araer. Do fhreagair sé láithreach, ó's mar sin a bhí, go ngeobhadh air féin athghairm a dhéanamh ar éileamh an Aire Luingseoireachta agus go dtiubhradh leormhíniú do'n Árdchómhairle i dtaobh an chirt a bhí aca-san le n-a ndubhradar ; agus go raibh súil aige, ó bhí an t-achrann san réidhtithe, go mbrostóchaidís leis an longghabháil ar luas. Ba léir ar a gcinnaighteacha an t-áthas rómhór a chuir cainnt sin an Taoisigh Hoche ortha, agus ba mhór an chreidiúint go dearbh do é. Do bhí lúthgháir ós meon ar an Taoiseach Daendels, go speisialta.

Dubhradar linn annsan go raibh coinne aca go mbeadh gach ní ullamh fé chionn coighcíse, agus dubhairt Hahn, ar an uair chéadna, ó bhí scuadrún Sasanach a thagadh i n-aghaidh an lae, nach mór, go béal an Texel, go mba mhór an ní é dá dtéigheadh cabhlach Bhrest chun fairrge dá mb'fhéidir d'fhonn cuid, pé scéal é, de chabhlach Shasana a mhealladh chun siubhail, óir, ó'n suidheamh a bhí ar an Texel ba bhaoghal ionnsuidhe ceann ar gceann d'á dhéanamh ar an gcabhlach Duitseach ag cur an chuain amach díobh ; agus dá n-éirigheadh féin leo an namhaid a shárú, ná féadfaí dul chun cinn, mar go gcaithfaí filleadh chun aithghléasta. Dob é freagradh an Taoisigh Hoche air sin ach ná féadfadh cabhlach na Frainnce gluaiseacht, go ceann dhá mhí, dar leis, agus gurbh 'in deireadh leis an méid sin ; agus maidir le filleadh chun aithghléasta, ar sé, gur minic a chómhraic cabhlach Shasana agus na Frainnce, le linn an chogaidh seo caithte ins na hIndiaithe Thoir agus Thiar, is nár thréigeadar an mhuir 'na dhiaidh sin ; nár ghábhadh é ach na hearraí *rechange* do bheith ar bórd ; farais sin gurbh é gnó deimhneach dearbhtha an Duitschabhlaigh cath a sheachaint ar a

ndícheall. Dubhairt an Taoiseach Daendels nárbh fhearr leis an Aimiréal Dewinter rud eile ná dul i ngleic leis an namhaid, ach siúd sinn uile, 'sé sin, an Taoiseach Hoche, Lewines agus mé féin, ag cainnt go hárd 'na choinnibh sin, b'é a ghnó san an t-arm a thionnlacan go sábhálta go ceann cúrsa.

D'fhiafruigh duine de'n choiste annsan, Van Leyden dar liom, i gcás go n-éireochadh linn mar mheasamar cad é an cuspa dearbhtha bhí ag muinntir na hÉireann ? Thugamar freagradh mar leanas, gur chun daorsmacht Shasana a chaitheamh dínn é, chun briseadh síorraidhe a dhéanamh ar an gceangal leis an tír sin, agus pobal saor neimhspleádhach a dhéanamh dínn féin. Ba shásta iad uile leis an bhfreagradh san, agus dubhairt Van Leyden gur thaistil sé féin tré Éirinn agus b'é a thuairim do réir a shádhaile a bhí lucht an tsaidhbhris agus a dhearóile a bhí na boicht ná raibh san Eoraip tír ba mhó bhí i ngábhtar réabhlóide ná í. Dob é freagradh thug Lewines agus mé féin air sin, agus b'é corplár na fírinne é, gurbh é príomhádhbhar ár saothair san ngnó so a ghéire ghoill dearóile ár bpobail ghnáthaigh orainn agus a dhaingne bhíomar beartaithe ar iad d'fhuascailt, d'á mb'fhéidir. Ó bhí ádhbhar polaitidheachta an chuarda againn aimsithe, beagnach, fé'n am san, dubhairt Hahn, i n-ainm an choiste, go raibh súil aige go raghadh Lewines nó mé féin ar an bhfeachtas mar nár mhór duine éigin againn a bheith i dteannta an Taoisigh. Do fhreagair Hoche " go rabhas-sa ullamh chun dul ann," agus do dhein an tairgsint thar mo cheann-sa i gcainnt a thaithnigh go seoidh lem aigne. Do socruigheadh annsan go n-imeochainn-se láithreach ag triall ar arm Shambre et Meuse d'iarraidh mo thrunca, agus mo chuid páipéar go mórmór, agus go bhfanfadh Lewines ag an Hague chun bheith ar órdú ag an gCoiste, go bhfillinn-se, i gcionn a seacht nó a hocht de laethe, b'fhéidir. Do scaip an tionól annsan.

Ní fhéadfaí bheith ní ba chineálta linn féin ná, rud ba thábhacht-aighe ná san, ní ba dhúthrachtaighe déine chun an fheachtais seo a chur chun cinn. Tá an Rialtas Duitseach tar éis dul "*à corps perdu.*" i mbun an gnótha san. Ní lugha ná a n-arm agus a gcabh-lach uile atá curtha san bhfiúntar aca. Fé mar adubhairt Hoche é, " is geall le fear 'na bhríste é, a bheadh i dtaoibh le haonscilling agus a chuirfeadh í sin san gcluiche fé thuairim fiacha cóta do bhreith."

Deallramh comónta go leor atá ar lucht an choiste, ní neimh-dheallrathach iad lem sheanmhaighistrí san bhFochoiste.

Ar fhilleadh go dtí an auberge i dteannta Hoche níor leigeamar an chaoi tharainn gan an tsáruaisleacht meoin a nocht sé ar an ócáid sin a mholadh. D'innis sé annsan dúinn cad a bhí 'na intinn: ná raibh an t-ádh, go dtí san, ar Aire na Luingseoireachta; ó thráth an fheachtais go dtí an tSairdín i dtosach an chogaidh, go raibh sé ar sciobaidh chun rud éigin a dhéanamh a tharraingeochadh clú ar réimeas a riaracháin féin; gur ghéill sé féin, an Taoiseach Hoche, do thoil Rialtais na nDuitseach d'aon ghnó, mar ná déanfadh sé tathant ar aon ní ortha, d'á thaithneamhaighe do féin é, a dhéanfadh fuarthé dhíobh san ngnó mór so; agus d'á éaghmais sin féin, toisc gurbh eol do, an túisce gheobhthaí scéal ar dhul do'n chabhlach Duitseach chun fairrge, go dtiocfadh éad ar Thruguet agus go mbainfeadh sé préamhacha as talamh chun bheith 'na ndiaidh, agus i n-ionad feitheamh le feachtas sármhór a dhéanamh de, fé mar atá beartaithe do láthair aige, go dtiomáinfeadh sé chun fairrge, láithreach, gach a mbeadh inseolta, ionnus gur mhaith an dóigh, d'á mbainimís-ne Éire amach, go mbeadh na Franncaigh fé cionn coighcíse 'nár ndiaidh ann. Dubhairt sé, leis, nach é an t-arm Duitseach atá anois ann a bhí i dtúis an chogaidh ann; go raibh roinnt Francach 'na measc, go mórmór san artillerie légère; go raibh, chómh maith, cuid mhaith Ostrach ortha, go háirithe ó gharastún Luxembourg, agus go speisialta dubhairt gurbh oifigeach sármhaith Daendels, é chómh calma le Caesar, agus go bhféadfaimís dul ar a iontaoibh; go gcuirfeadh sé chuige gach plan agus páipéar a dhéanfadh aon áis do san ngnó so agus, ar deireadh dubhairt go raibh súil aige go gcasfaí arís go luath ar a chéile i nÉirinn sinn.

Ó bhí an gnó mór déanta, tharraingigheamar cúrsaí eile chugainn, go mórmór aiste Pharis ar láthair na huaire mar a bhfuil beadaidheacht lucht an Ríochais ag dul thar teorainn ar fad. Dubhairt Hoche an chainnt shuaithinseach so; "Má éirigheann leis na rascailí sin an Rialtas do leagadh díreochad m'arm an nóimeat san i n-aghaidh Pharis, agus nuair a chuirfead an bhuinreacht i bhfeidhm arís déanfad dhá leath dem chlaidheamh agus ní thógfad im lámh go bráth arís í." Do scaip ár dtionól annsan; ghluais an Taoiseach go cinncheathrúin ar a ceathair agus ghluaisigheas féin 'na dhiaidh ar a sé tráthóna.

Iúl 1.—Do shroicheas Cologne, mar a bhfuaireas an Taoiseach. D'innis sé dhom go raibh éad, fé mar cheap sé bheadh, ar an Aire Luingseoireachta, agus go dtug órdaithe, d'á bhrí sin, gach rud

d'ullmhú um a luaithe i mBrest; go raibh, dá mba ghábhadh, £300,000 ar a chómhairle ag an Aire; go raibh scéal fachta aige féin ó'n Árdchómhairle chun gluaiseacht láithreach go Paris ar bhóthar Dhúnkirk; é do dhul ó Pharis go Brest, mar a mbeadh gach ní ullamh i gcionn coighcíse, agus cheap sé go mbeadh sé i nÉirinn i gcionn míosa. Annsan d'órduigh sé £50 sterling im chómhair-se agus thug órdú dhom dul do'n Hague thar n-ais láithreach le leitir do'n Taoiseach Daendels. Dubhart-sa má bhí coinne aige bheith ullamh chómh luath san go mb'fhearr liom gan scaradh leis. Dubhairt sé, go ndearnaidh machtnamh air agus gur tuigeadh do go mb'fhearr go raghainn fara Daendels, agus d'aontuigheas leis.

Do dheineas feidhm de'n ócáid chun tagairt do scéal a bhí 'na mhuirear mór ar m'aigne, sé sin an méid údaráis go mbeadh fonn ar na Franncaigh a ghabháil chuca féin i nÉirinn, agus fáth rómhaith agam leis an eagla bhí orm go mbeidís ag éileamh níos mó ná mar ba thoil linn-ne a thabhairt dóibh. I *nGazette* an lae sin do bhí gairmscoile ó Bhuonaparte chun Rialtas Ghenoa agus ba neamhchóir neamhghálanta liom é toisc an ciorrbhadh ar chearta neimhéilnithe na ndaoine atá d'á dhéanamh aige. Do léigheas do Hoche cuid de na cainnteanna dob ainmheasta ann agus dubhart, dá mbeadh Buonaparte i gceannas i nÉirinn, agus dá bhfoillsigheadh sé gairmscoile chómh mídhiscréideach leis siúd, go mba mhór an milleadh thiocfadh de; go ngeobhthaí le deachtóireacht mar sin san Iodáil, b'fhéidir, ach ná déanfaí choidhche i nÉirinn, mar go raibh de thuigsint ar ár gceart againn ná géillfimís. Do fhreagair Hoche mé, " Tuigim thú," ar sé, " ach bí ar do shuaimhneas 'na thaobh san; macléighinn liom-sa Buonaparte ach ní bheidh choidhche 'na mhághistir agam." Agus annsan dhein sé greas fada cáinte ar ghníomhartha Bhuonaparte, agus go deimhin féin is mídhiscréideach thar fóir atá siúd le déannaighe, muna measa ná mídhiscréid féin é, agus dubhairt sé maidir leis na buadha catha bhí beirthe aige go mb' fhurus bheith buadhach i gceannas trúpaí mar bhí aige-sin, go mórmór nuair nárbh aon mhairg leis an Taoiseach na saighdiúirí a bheadh fé d'ídiú agus gur chosain a chaithréim sin 200,000 fear ar an bpoblacht. Dob fhíor a lán dá ndubhairt Hoche, ach ba léir dom laistiar de éad rómhór le Buonaparte. Is truagh liom, leis, a fheicsint a luaithe atá Buonaparte ag tréigean an mheoin úd chun measardhachta a bhuaidh cáil do chómh maith le n-a chaithréim. Do thrácht Hoche agus mé féin annsan ar ár ngnó féin; dubhairt sé nár mhór dúinn bheith ullamh do 8 nó 10,000 fear a bheith 'nár

n-aghaidh ar dhul i dtír dúinn; muna mbeidís-sin ann gurbh amhlaidh ab fhearr é, ach nár mhór dúinn bheith ag coinne leo; gur dóigh go ndéanfadh na Sasanaigh fé mar dheineadar i nAmerica san gcogadh so caithte—cúladh agus na bailte a chur le toiteán 'na ndiaidh; nár theastuigh thar a dódhéag nó ar an gcuid ba mhó cúig míle déag de thrúpaí, agus go raibh socrú déanta aige ionnus ná cosnóchadh cothú an tsluaigh airm sin thar 12,000,000 livre, sin £500,000, do mhuinntir na hÉireann. Do gheall sé annsan dom na hórdaithe thug sé féin uaidh le linn cogaidh La Vendée a chur chugam, agus d'oirfidís sin go cruinn dár gcás-na i nÉirinn; agus, tar éis do leitir a thabhairt dom i gcómhair an Taoisigh Daendels i n-ar iarr sé, ameasc nithe eile, go ndéanfaí Taoiseach Conganta dhíom féin i seirbhís na Poblachta Batáibhighe, rugamar barróg cheileabhartha ar á chéile agus scaramar. Do ghluais seisean an tráthnóna san go Bonn agus ghluaisigheas-sa maidin lae ar n-a mháireach ar a cúig go dtí an Hague mar a dtána ar maidin.

Iúl 4.—Láithreach ar mo theacht chuas ag triall ar an Taoiseach Daendels. Do bhí súd díreach ar barraoid ghluaiste go dtí an Texel. Do léigh sé an leitir, agus dubhairt go socróchaí gach ní maidir lem chéim-se, agus go bhfaghainn págh dhá mhí roimhré d'fhonn mo ghléasta i gcómhair an tslógaidh. Is rícháirdiúil mar d'fháiltigh sé rómham. Do chuas fara Lewines, ag an Hague trí nó ceathair de laetheannta, an fhaid a bhí m'éidí airm, ⁊rl., d'á ndéanamh, agus fé dheireadh, nuair bhí gach ní ullamh, do scaramar. Do ghluais súd go Paris le dul i dteannta an Taoisigh Hoche, agus mise chun an Texel chun an Taoisigh Daendels.

Iúl 8.—Do shroiseas an Texel go moch ar maidin agus chuas láithreach ar bórd ar luing an Aimiréil, an *Vryheid*, long 74 ngunna. Fuaireas an Taoiseach Daendels ann. Do chuir sé i n-aithne don Aimiréal Dewinter mé atá i gceannas an fheachtais. Is mór mar thaithnigheann gach duine aca liom, tá neimhcheilt agus luaith-fhírinne 'na mheon gur mór an spéis é.

Iúl 10.—Táim tar éis bheith ag bádóireacht ar fuaid an chabhlaigh agus dul ar bórd cuid de na hárthaigh. Táid i bhfeisteas thar barr, níos fearr go mór ná an cabhlach ag Brest agus deir cách liom go bhfuil áirdmheanma i saighdiúirí agus i mairnéalaigh. Indé do chuir an tAimiréal Duncan, atá i gceannas chabhlaigh Shasana lasmuich de'n Texel, chuir sé oifigeach isteach fé bhrat sos cómhraic, le leitir mar 'dheadh, ach dáiríribh, is chun fios ár nirt-ne d'fhagháil. Do bhí Dewinter iniúil do: mar do chong-

aibh sé an teachtaire agus do chuir an freagradh uaidh le hoifigeach d'á chuid féin agus thug órdú dho cúntas cruinn ar neart na namhad a bhreith thar n-ais leis.

Iúl 11.—D'fhill fear an tsosbhrait seo againn-ne indiu agus scaoileadh de'n oifigeach Sasanach. Cabhlach aon long déag líneagair atá ag Duncan agus tréleibheannaigh trí cinn aca san. Ní heol dom go cruinn fós cad é neart ár slógh-na, ar muir ná ar tír, ach caithfead a thuairisc a chur.

Iúl 13.—Do dheineas cuid mhaith cainnte indiu leis an Taoiseach Daendels, agus is fearr i n-aghaidh an lae a thaithnigheann sé liom. Is é atá ar intinn aige ná do réir mar thiocfaidh ár muinntir-ne i gcabhair orainn iad a chur i *gcadres* na gcipí a bhéarfam anonn inn nó go mbí 1,000 i ngach cath againn ; agus annsan go gceapfaimís corps agus go dtabharfaidh sé oifigigh dúinn chun smachtoiliúint agus riarú a dhéanamh ortha ; go gcoiméadfaidh sé an t-arm mór 18 nó 20,000 fear ar siubhal agus fágfaidh fé na trúpaí náisiúnta cosaint na slí agus na mám agus na n-áth abhann laistiar díobh nó go mbeidh siad smachtoilte a bheag nó a mhór. Is maith cuid mhór de sin, ach ar fátha móra tábhachtacha ní mór sinn-ne a chur níos mó chun tosaigh san scéal ná san. Dubhart 'ghá fhreagairt go raibh deallramh ceart ar an mbeartúcháin san ach go mb'fhéidir go dtárlóchadh ar ócáidí go gcaithfaí a mhalairt a dhéanamh. Cuir i gcás dá dtagadh an militia linn, níor cheart, ná ní thoileochaidís, iad a shlugadh isteach ins na catha Duitseacha. Arsa Daendels : " Go dearbhtha níor cheart ; gurbh aithnid do go rómhaith an *esprit de corps* chun cuimhneamh ar a leithéid ; san gcás san gurab amhlaidh a dhéanfaí *cadres* i gcómhair cipí de na catha militia ; " agus, mar sin socróchar an gnó san chun toile cáich. Do thráchtamar annsan i dtaobh an riaracháin agus dheineas léiriú dho conus mar a bhí an scéal againn 'na thaobh san maidir leis an bhfeachtas ó Bhrest, nuair a bhí líon sluagh airm de chommissaires ceapaithe, a íosfadh an dúthaigh agus a dhíolfadh saoirse na hÉireann agus tairbhe na poblachta agus onóir an Taoisigh ar leathchoróin ; agus níor chuireas fiacal san méid chúntais a thugas do i dtaobh na n-uaisle úd ach mar thuilleadar. Dubhairt Daendels gurbh é a hórduigheadh do féin gach mionchúram maidir le soláthar do'n arm d'fhágáil fé dhream na hÉireann ; ná raibh sé féin ach ag breith cúigear commissaires leis a bheadh i mbun an lóin capall, an aráin, na feola, ⁊rl., agus gach ní d'á ndéanfaidís go mbeadh breithniú go cruinn aige féin air, agus ná beadh údarás

le haon ní ná beadh fé bharánta a shíghnithe féin ; gur mhó ba mhaoidheamh leis a éirim chun riaracháin ná a thallanna mileadhta, agus nár mhiste dhom dul ar iontaoibh ná tárlóchadh aon chonstaicí de'n tsaghas san. Do thaithnigh an méid sin liom go mór agus ba mhóide é toisc mo mhuinghin a bheith as. Dá n-éirigheadh le feachtas úd Bhrest ba dhamanta an t-achrann a bheadh againn féin agus na díolúnacha lucht riaracháin úd, ach bhí m'aigne beartaithe agam-sa ar cad a dhéanfaimís leo. Níl an imnidhe sin ag gabháil dom ar aon chor i dtaobh na nDuitseach agus sin beart atá buaidhte againn de bharr an fheachtais seo. Ach cá beag de sin mar scéal. "*All is for the best in this best of all possible worlds.*"

Iúl 14.—Do thaispeáin an Taoiseach Daendels dom indiu na hórdaithe a bhí fachta aige ó'n Rialtas Duitseach. Is cóir, macánta iad, agus níl amhras agam ná go ndéanfaidh sé d'á réir. Is é atá d'á bheartú ionnta ná bheith de shíor i riocht na dílcharad chonganta, gan cur isteach ar ghnóthaí teinteáin phobail na tíre, comaoin a chonganta a thabhairt leo ar gach slí 'na chumas chun a saoirse agus a neímhspleádhacht a chur ar bun ; ach nár cheart bheith ag coinne le haon choingheall 'na aiseag ach go gcaithfimís dínn ama Shasana agus nuair a bheadh an gnó san curtha i gcrích, go socróchaimís ár ngnóthaí tráchtála feasta leis an bPoblacht Duitseach, do réir tairbhe malartúcháin agus comhthromaidheacht oiriúna. Níl sárú na córach ná an einigh sin ann agus is deimhin liom, ó'm eolas ar Dhaendels agus ar neimhcheilt a mheoin go ndéanfaidh sé beart do réir na n-órdaithe atá aige. Tá ráfla indiu ann go mbeam ag gluaiseacht amáireach, agus is léir dom brostaitheacht san luing 'na fhianaise air sin, dar leat ; ach is cuimhin liom mo sheanriail fhónta gan aon cheisteanna a chur. Do ghaibh roinnt mhaith bád lán de shaighdiúirí tharainn indiu ag dul ar bórd na n-árthach ; tá na fir go móirmheanmnach, iad ag gabháil amhráin náisiúnta, agus ag tógáil gártha molta do'n Taoiseach ag gabháil thar brághaid dóibh ; is uasal an radharc é agus chorruigh sé go rómhór mé. Deir Daendels liom, an tráth ab fhearr a bhí le linn Réabhlóide na Frainnce, ná feacaidh sé riamh díoghrais ba mhó ná mar atá fé láthair san arm. Is glórmhar, dar deimhin, radharc an lae seo. Seo im dhiaidh córú ár lín chatha :

Avant garde : An *Jupiter*, 74 gunna, fé'n Aimiréal Reyntzies ; An *Cerberus*, 68, an Capt. Jacobson ; an *Haarlem*, 68, an Capt. Wiggerts ; an *Alkmaar*, 56, an Capt. Kraft ; an *Delft*, 56, an Capt. Verdoom ; *Frigéidí*, an *Monnikendam*, 44, an Capt. Lancaster ; an

Minerva, 24, an Capt. Elbracht ; an *Daphne*, 16, an Lieut. Fredericks. Cúig longa líneagair, agus trí frigéidí agus sliúpanna.

Corps de Bataille : An *Vryheid*, 74, an tAimiréal Dewinter agus an Capt. Von Rossum ; an *Staaten General*, 74, an Aimiréal Story ; an *Batavia*, 56, an Capt. Souter ; an *Wassenaer*, 68, an Capt. Holland ; an *Leyden*, 68, Capt. Musquettier. *Frigéidí*, an *Mars*, 44, an Capt. Kolff ; an *Furie*, an Capt. Buschman ; an *Galatia*, an Lieut. Rivery ; an *Atalanta*. Cúig longa líneagair, agus ceithre frigéidí agus sliúpanna.

Arrière garde : An *Brutus*, 74, an tAimiréal Van Tresling ; an *Hercules*, 68, an Capt. Reyscort ; an *Glykheid*, 68, an Capt. Ruysch ; an *tAimiréal De Vries*, 68, an Capt. Zeegers ; an *Beschermer*, 56, an Capt. Heinst. *Frigéidí*, an *Embuscade*, 44, an Capt. Huys ; an *Waakzenheid*, 24, an Capt. Nicrop ; an *Ajax*. Cúig longa líneagair, agus trí frigéidí agus sliúpanna, agus 27 d'árthaigh iomchuir, 150 go 450 de thonnaí mhuirearthómhais.

Ní heol dom fós ár bhfórsaí tíorach. Do dhearmhadas a innsint gur chaith Noel, Taidhleoir Poblachta na Frainnce, agus a bhain-chéile, dínnéar ar bórd linn, dhá lá nó trí ó shin. Do bhí cách fé láinéide, na fir ar an gcrannghail, agus scaoileadh 21 gunna le linn ceileabhartha do. É gléasta ar aithris *représentant du peuple aux armées*, éadach gorm, filleog trédhathach gualann, agus a hata *à la* Henry IV. fé bhannda is *panache* "*aux trois couleurs*," leis. Do bhí Taidhleoir na Sualainne, agus a *unchat*, ⁊rl., ar dinnéar farainn indé. Níl ann ach mac croiche, agus daoiste agus páirtidhe le Sasana, rud ba léir go luath dhom, agus fós tuigim gur spiaire é. An rascail ! Is léir dom indiu, agus le linn bheith 'ghá scríobhadh so féin, deich gcinn de longa cogaidh Shasana, idir bheag is mór, le béal an Texel amuich. Do chuir sé i gcuimhne dhom *goulet* Bhrest, mar a mbíodh radharc d'á leithéid go minic agam. Neamháird ag cách annso ortha, agus mar sin, "*Je m'en fiche, allons !*"

Iúl 15.—Is aisteach an gléas é meon an duine, nó mo mheon-sa, pé scéal é. Seo annso ar chúinse ró-inspéiseach me, gach ní is ionmhuin liom mar le fear agus le cathardhach ag brath ar thoradh an scéil sin, ach d'á aindeoin sin tá neamhshuim, nó neamhfhonn, b'fhéidir, ag gabháil dom ná tuigim féin ar aon chor. Ní dheinim d'ádhbhacht ach foth leabhar le Voltaire a léigheadh, a bhuail ar fán liom ; agus maidir leis an bhfeachtas, níl de shuim agam ann ach oiread is dá mba do'n tSeapáin a bheadh sé ag dul. Agus mar adubhart cheana, ní thuigim ar aon chor an neamhshuim sin maidir

liom féin de, ach is mar sin atá agam. Do scríobhas chun mo mhná indé, leitir le bille a ghlac an tAimiréal Dewinter uaim ar 250 floirín, "moyennant" a chómh-oiread a chur ar láimh chuige; scríobhas leis chun Hoche, chun Mr. Ó Séaghdha, chun mo dheirféar agus chun Lewines. Tá mo chúraimí ar fad críochnaithe, agus tuigim go mbeam ag cur chun fairrge amáireach, má cheaduigheann an ghaoth dhúinn. Is aisteach é, ach níl de shuim agam ann ach fé mar bheinn ag gluaiseacht ar an trakschuyt ó'n Hague ag dul go hAmsterdam. Do baineadh ceann d'ár n-anncairí; is aoibhinn faireadh ar na fearaibh ag obair, agus ár gcuid *chasseurs* ag cabhrú go fonnmhar leo, agus ainnliú ceoil fé'n obair go léir. Do thaisbeáin an Taoiseach Daendels leitir dom ó'n Taoiseach Dupont, 'ghá innsint go raibh an Taoiseach Hoche ag imeacht go Brest; dubhairt sé, leis, liom go raghadh féin agus mise ar bórd sliúp cogaidh agus ná raghaimís ar luing an Aimiréil go dtí go mbeidh fios toradh na teagmhála (má thárluigheann a leithéid) idir an dá chabhlach. Níor mhíothaithneamh liom-sa an socrú san.

Iúl 16.—Deir an Taoiseach liom gur fhill spiaire, a chuir an tAimiréal uaidh araer, le scéala go bhfuil cheithre long fichead líneagair san gcabhlach Sasanach. Beagán laethe ó shin dubhairt sé naoi gcinn déag ach deir sé gurab amhlaidh a cuireadh chúig cinn aca chun siubhail le bheith do láthair le linn crochta an Pharkeraigh an ceannairceach. Is é tuairim an Aimiréil gur spiaire fé dhó é siúd, gur scéal éithigh é an 24 long úd, agus réidhtighim leis. I *Morning Chronicle* an 6adh lae, tá alt adeir gur éilimh an tAimiréal Duncan tuille conganta agus, d'á bhrí sin, gur ghluais trí longa i gcongnamh do; leo san d'áireamh, fara deich gcinn nó dhá cheann déag eile atá aige cheana, agus dhá cheann, b'fhéidir, a bhaileóchadh sé leis ón Dogger Bank, mar a bhfuilid ag cosaint an iascaigh, d'fhágfadh san a cúig déag nó a sé déag de loingeas aige agus tá an cómhaireamh san do réir na dtuairiscí a fuair an Rialtas, agus a thug na hárthaighe neodracha uatha a ghaibh isteach le déannaighe. Bíodh san mar atá do ghlaoidh an tAimiréal le chéile indiu Aimiréil agus Captaení uile an chabhlaigh agus thug a órdaithe deiridh dóibh, mar atá: na frigéidí 44 gunna do dhul san gcaithlíne, cath a thabhairt go maol a ndichill, fiú go báthadh na long fútha, agus dá dtárluigheadh san iad do dhul ar iontaobh na mbád rámha, captaen ar bith a shílfeadh an líne do bheárnadh nó staonadh ar gcúl, an chuid eile do scaoileadh fé sin láithreach. Is feilmeanta san ó Dhewinter agus níl amhras ar bith agam ná go bhfreagróchaidh

lucht an chabhlaidh do. Tá, ar an am gcéadna, giolla turais curtha aige go dti an Rialtas, d'á chur san go léir í n-úil dóibh, agus má thagann an ghaoth 'na cóir dúinn, gluaiseocham láithreach gan fuireach le freagradh.

Iúl 17.—Indé 'seadh d'innis an tAimiréal cad a bhí beartaithe aige, agus mar atá thuas agam. Is groidhe an duine é, sin í féin an fhírinne. Fuaireas indé leitir óm mhúirnín croidhe fé dháta an 9adh lae. A bhuidhe le Dia tá sí féin agus na báibmí ar fheabhas fé mhóirmhisneach. Fuaireas dhá leitir indiu, ceann ó Mhadgett, agus an ceann eile, fé'n dáta Meitheamh 13, ó Napper Tandy, agus scríobhas freagradh chuca araon, ach ná cuirfead ar siubhal iad nó go mbeam díreach ag gluaiseacht. Tá an ghaoth chómh cam leis an diabhal. Ag Brest dúinn, agus b'andóigh mór san, bhí cóir gaoithe cúig lá i ndiaidh a chéile ann, agus gan sinne-ne ullamh ar an bhfeadh san uile, agus, fé dheireadh, nuair shroicheamar ceann cúrsa tháinig atharrach gaoithe a chuir ár mbuille ar iomrall. Annso dhúinn lánullamh agus gan de dhíth orainn ach cóir gaoithe. Táimíd ar fostadh aon anncaire. Tá súil agam ná déanfaidh an ghaoth feall orainn. Tá sí 'na camachóch dona an tráthnóna so. Díth is doghraing air mar scéal! Tá racht feirge orm gur iongnadh saoghail é agus gan leigheas mo cháis im chumas, Och! och!

Iúl 18.—Tá an ghaoth chómh haistreach an mhaidean so agus d'fhéadfadh a beith. Diabhail is deamhain is damaint! Allah! Allah! Allah! 'Seadh an rud ná fuil leigheas air foidhne is fearr air, mar adeireadh ár sinnsear céillidhe rómhainn. Oifigeach a cuireadh i mbréigriocht amach ag lorg feasa tá sé tar éis casta; tuairisc fónta atá aige; chonnaic sé an cabhlach Sasanach, dhá luing déag líneagair a líon, fara n-a seacht nó a hocht de fhrigéidí; gur ghaibh frigéad anuas chun an Aimiréil, gur labhair leis agus leis sin gur chroch san cómharthaí láithreach agus gur ghluais an scuadrún go léir siar ó dheas. Ní thuigim-se cad é brí an bhirt sin, mar fágann san an bóthar glan dúinne-ne, dá leigeadh gaoth cead gluaiste linn. B'fhéidir gur ag dul ag treisiú leis an gcabhlach lasmuich de Bhrest atáid, nó b'fhéidir gur rud éigin a thárlaidh arís san Nore. Ba cheart dom a chur síos indé, 'na ionad cheart, nuair a bheartuigh an tAimiréal ar troid a chur san tslí adubhart ar an namhaid, gur cheap sé go rabhadar líon naoi long déag líneagair ar a luighead agus gur móide a ghradam d'á chionn san. Is é an t-uathbhás bheith fé ghlas gaoithe, fé mar táimíd-ne anois.

Iúl 19.—Camghaoth fós ann. Dona! Dona! An tAimiréal agus

mé féin d'iarraidh an aimsir a mheilt le seinm na feadóige, ealadha a ghní súd go cliste ; seinnimíd roinnt décheoil go fónta agus sin sásamh éigin. Ach is fada le fear fionnraighe feitheamh le gaoith, mar táimíd-ne anois a dhéanamh ; rud is measa fós, an ghaoth atá 'ghár ngreamú-na annso tá si 'na cóir ag breith conganta chun Duncan má's fonn leis an Tighearna Spencer aon chabhair a chur chuige. Is uathbhásach an éideimhne a bhaineas le feachtas mara. Chím ins na páipéirí Duitseacha, mar le congnamh an fhoclóra, táim tosnaithe ar bheagán a léigheadh, go bhfuil cabhlach Toulon chun fairrge ó Mheitheamh 20. 'Sé a líon sé longa líneagair, dhá cheann 80 gunna agus cheithre cinn 74, agus sé frigéid. Ba mhaith liom slán folláin í gcuan Bhrest iad. Ní raibh riamh, is ní bheidh, leithéid ár bhfeachtais-ne má éirigheann leis ; ní hé is bun leis a shocrú ciaca de bheirt anfhlaith a shuidhfidh fé choróin, ná an í an stát so nó an stát úd thall go mbeidh seilbh oileáin aici ; is chun atharrach saoghail a chur i ndán do'n Eoraip é, chun saoirse a thabhairt do náisiún, nó do thrí cinn b'fhéidir, chun cead na fairrge móire thabhairt do thráchtáil an domhain ; chun impireacht nua a bhunú ; chun seancheann a réabadh ; chun daorbhroid sé chéad blian a chur fé chois. Agus féach san uile indiu ar ionchaibh na gaoithe. Ní fhéadaim an méid imnidhe atá orm d'aithris. 'Seadh is cuma é ! Níl mo leigheas im chumas agus is móide m'fhearg é. Deinid ár luingeas-na cleachtadh lámhaigh idir mhór- agus mion-ghunnaí, long éigin aca, gach lá ; deinid, i gcoitchinne, lámhach lánfhónta, agus is suaithinseach an radharc é.

Iúil 20.—Do bhí sé de phléisiúr agam an tráthnóna so naoi gcinn déag de luingeas Shasanach a chóimhreamh ag gabháil thar béal an Texel ar a socracht siubhail. Deir an Taoiseach liom, ámh, ná fuil thar dhá cheann déag líneagair ortha do réir cóimhmheas na dtuairiscí is fearr a fuairtheas. Gaoth mhíchóir, mar is gnáth. Scéal an airm againn mar leanas. Coisithe, ocht gcatha déag, 482 fear an ceann, 8136 feara ; Chasseurs, cheithre catha, 540 fear an ceann, 2160 fear. Lucht Ordnáis, naoi gcomplacht 1049 ; Ordnás Éadtrom, dhá chomplacht 389 ; État Major, 160 ; iomlán sluaigh 13,544. Is mó is leor é, dá mb'é toil Dé é sinn a shroichsint, go slán saor, go ceann cúrsa.

Iúil 21, 22, 23.—Le míogarnáil chodlata iseadh táim ag meilt na haimsire annso. Nuair bhíos ag Brest bhíos dona go leor ach, pé scéal é, bhíodh cómhrádh éigin againn. Ach annso—'seadh, ⁊r Deir an tAimiréal indiu liom go bhfuair leitir ó Lonndain, fé dháta

an 16adh lae, agus scéala innti go bhfuil an Tighearna Bridgefort tar éis casta d'iarraidh tuille lóin agus go bhfuil ceannairc ar bun i dtrí long fós leis. Gurab ann a raghaidh lasmuich de Bhrest; go bhfuil Sir Edward Pellew tagaithe go Falmouth, agus go bhfuil mar thuairisc aige go bhfuil an cabhlach Franncach ar chor, dar leis, nach dóigh go raghaidh go luath chun fairrge; agus, dála an scéil, ceapann Dewinter gur fíor an scéal é agus gur díth an airgid fé ndeara san. Go bhfuil Duncan tar éis breis congnaimh d'iarraidh, ach gurbh é freagra fuair go gcaithfid críoch a chur ar dtúis le triail na gceannairceach d'fhonn tuigsint a ndualgasa a chur 'na luighe ar an gcuid eile, agus gurab é brí a bhainim as san go bhfuil eagla fós ortha luingeas an Nore a chur chun fairrge; ach máiseadh, tá an *Warrior*, 74 gunna, tagaithe agus sin méadú ar chuid Dhuncan go trí longa déag líneagair. Is é an tuairisc a thug súd i Sasana go bhfuil fiche long líneagair againn-ne (truagh nach fíor do), d'éaghmais frigéidí, go bhfuil 15,000 trúpaí ar bórd agus freastal 30,000 d'airm agus gur scéal rúin cá bhfuil ár dtriall. Tá an ghaoth indiu Aniar 'dTuaidh agus níl san chómh dona is bhí indé ná arbhú indé. Le gaoith Anoir 'dTuaidh lámh Thuaidh deir an tAimiréal go bhféadfaimís dul amach; *ergo*, níl uainn ach sé phoinnte de'n chompás. Damnú síorraidhe suthain air! An raibh uathbhás riamh mar é? Do scríobhas chun mo mhná an 21adh lá.

Iúl 24, 25, 26.—Do chonnac ins na páipéirí Duitseacha indiu go bhfuil athraithe móra déanta ar Airí na Frainnce. Tá Talleyrand Perigord, dob Easpog tráth ar Autun, is gur bhuaileas féin leis i bhPhiladelphia, tar éis a cheapadh 'na Aire ar Ghnóthaí Coigcríche i n-ionad Charles De la Croix; Pléville Lepelley ar an Luingseoireacht i n-ionad Thruguet, Lenoir Laroche ar an bPóilíneacht i n-ionad Chochon; François de Neufchateau ar Ghnóthaí Intíre, i n-ionad Benezech, agus Hoche ar an Roinn Chogaidh i n-ionad Phetiet. Ar a bhfuil nua aca ann níorbh aithnid dom ach Hoche. Do shuidheas láithreach agus do scríobhas chuige ag tréaslú dho agus níor dhearmhadas tagairt do na headarghnótha atá ar siubhal fé láthair ag Lisle, leis an Lánchómhachtóir Sasanach, an Tighearna Malmesbury, agus d'iarras d'athchuinghe air, dá mba ná beadh dul ó'n síothcháin, é a dhéanamh iarrachta, tré n-a dhúthracht féin chun go gcuirtaí coingheall ann a bhéarfadh cead do gach duine de lucht thírghrádh Éireann atá ar deoraidheacht, nó i mbraighdeanas, chun filleadh ar a dhúthchas, agus chuireas i n-úil do, le n-a linn sin, ná bainfinn-se feidhm choidhche as an gcoingheall san, mar ná fillfinn

go bráth ar Éirinn an fhaid a bheadh sí i ndaorbhroid. Tá an ghaoth go huathmhar le trí lá. Ar an nóimeat so deir an tAimiréal liom go bhfuil sí ag druidim ó Thuaidh agus go mbainfidh sé anncaire amháin anocht agus go raghaidh ar ghearrshlabhradh ar an gceann eile chun bheith ullamh ar an gcéad chóir ghaoithe thiocfadh. Dia d'á chur chugainn! Ach tá an leabhar orm gan a chreidiúint choidhche go n-éireochaidh leis an bhfeachtas go mbuailead cos ar an bhfód arís. Seo mé indiu ocht lá déag ar bórd agus ocht nóimeat déag de chóir ghaoithe ní tháinig. 'Seadh, " 'Tis but in vain," ⁊rl.

Iúl 27, 28.—Tháinig saghas córach gaoithe indé ach bhí ró dhéannach ró lag dúinn chun an anncaire bhaint; ar a hocht tráthnóna chuaidh sí timcheall siar, chómh holc is bhí riamh, agus ní mór is fearr indiu í. Táim tuirseach dem shaoghal. Tá na Franncaigh ag gléasadh cabhlaigh nua i mBrest, ach do réir deallraimh ní bheidh ann ach dhá long déag líneagair. Tá dhá cheann fhichead i gcabhlach an Tighearna Bridport; *ergo*, ní miste dho seacht long a chur uaidh, gan baoghal ar bith, chun treise le Duncan, agus beidh aige-sin naoi gcinn déag ar a luighead i n-aghaidh a cúig déag againn-ne; *ergo* buaidhfidh sé orainn, ⁊rl. Damnú go síorraidhe suthain air! Táim le ráig bhuile ná féadfainn aithris. Gach ní anois ag braith ar an ngaoith agus níl leigheas ár scéil féin ar ár gcumas. Is éidtreoireach an créatúir an duine san tslí sin. Caoga milliún púnt ní cheannóchadh uair a chluig de chóir ghaoithe, agus ní fiú náda tallana ná misneach féin ná airgead san scéal. Ach seo mé ag moralóireacht ar nós amadáin. "*Damn morality, and let the constable be married.*" Seadh, "'*Tis but in vain for soldi ersto complain*" (do'n 595adh uair).

(A sé a chlog). Táim anois im aonar san gcábán mór agus chím ó'n bhfuinneoig a dó fichead de luingeas Shasanach ar anncaire i ngoireacht léige d'ár gcabhlach-na. Ní féidir cur síos ar iomad na smaointe atá ag sceinneadh trém aigne ar an nóimeat so. Is dóigh gur lugha buaidhreamh a bheadh orm i gcorplár murchatha; agus tá an ghaoth fós ar míochóir. Rug an fionnraighe barr ó'n mbaoghal le huathbhás. D'á luighead de Quixote mé agus d'á mhéid grádh atá agam, rud atá, dom mhnaoi agus dom bháibíní cumainn, b'fhearr liom ná an saoghal go mbeimís fé sheol ar an nóimeat so fé dhéin na namhad is go dteagmhóchaimís leo i gcionn na huaire. Is é an crádh croidhe an dá chabhlach a fheicsint chómh cómhgarach agus sinn chómh éidtreoireach so. Tá an fhairrge ar an am so chómh ciúin le linn mhuilinn. Deich n-uaire

ó chromas ar so a scríobhadh, dhírigheas mo shúile i dtreo na namhad. 'Seadh, ní foláir nó ní fada d'fhéadfaidh an leadrán so maireachtaint. Fiche lá anois atáim ar bórd agus fiche nóimeat de chóir ghaoithe ní fhuaireamar a bhéarfadh amach sinn. Och! Och!

Iúl 29.—Tá an ghaoth 'na cóir an mhaidean so ach a luighead san ann di ná féadfaimís corruighe. Um meánlae tháinig anam ann, ach bhí an taoide imithe, agus bhí sé ró dhéannach. D'fhonn seoladh as an Texel amach níor mhór an ghaoth agus an taoide d'oiriúint d'á chéile. Do chuaidh an tAimiréal i dtír indiu agus chuaidh ar mhullach na nDúmhach le n-a ghloine cianradhairc, dála Robinson Crusoe; chómhairimh sé chúig cinn fhichead de luingeas trí gcrann, agus sé lugaeir nó coitéir Sasanacha, chun anncaire; áirmhigheann sé go bhfuil a cúig déag nó a sé déag lín eagair ortha-san agus gur frigéidí an chuid eile. Deir sé liom, leis, gurab é a thuairim, má bítar i ngaobhar le bheith cóimhionann i gcath, má thárluigheann a leithéid, ná leanfaidh an tAimiréal go deireadh scríbe siar do'n troid ó tá sé ar thráigh a namhad agus dá ndeintaí díchrannadh ar aon chuid d'á luingeas go gcaithfeadh iad a thréigean; mar sin gur gunnadóireacht go hoidhche bheadh ann, is go mbaileochaidh an dá dhream leo annsan, gach taobh ag gabháil *Te Deum* agus ag fógairt buaidhe; agus san gcás san go ngluaiseochaidh féin le n-a chabhlach tionnlactha agus le pé cuid d'á luingeas a bheadh i dtreo chun fairrge. Taithnigheann iomchur Dewinter go mór liom; níl aon rian de'n bhuaileam-sciath ag baint leis agus measaim go mbeidh sé 'na ghnó teasaighe ag Duncan ar maidin amáireach. Tá an ghaoth ar fheabhas anocht agus fuinneamh maith léi; má mhaireann sí, agus go leigidh Dia san, beimíd fé sheol ar a hocht a chlog maidin amáireach, sin é tráth na taoide. Ag Dia tá a fhios a neamhfhoidhnighe mé ag feitheamh na huaire sin. Ní airighim aon ní i dtaobh sinn a dhul ar choitéir mar adubhairt an Taoiseach liom, agus mar sin b'fhéidir go ngeobhthaí mé le linn catha fairrge, rud nár shíleas. 'Seadh, an rud a bhíonn bíonn sé, ach b'fhearr liom a mhalairt. Ní háil liom na catha fairrge sin ar aon chor; ach, tagadh mar thiocfaidh, chífeam san gcás san cad a bheidh le déanamh. (Gabhann) "*Madam, you know my trade is war!*" ⁊rl.

Iúl 30, 31.—Bán.

Lughnas 1, 2.—Gach rud annso ag dul ó olc go ró-olc agus ní fhéadaim a innsint an chráidhteacht agus an mhíoshástacht atá orm, i dtreo is gur fuath liom na meamraim seo féin a scríobhadh.

'Seadh, níl leigheas air. An 30adh lá, ar maidin go luath, bhí an ghaoth 'na cóir agus tugadh an cómhartha chun ullmhú le gluaiseacht, bhí gach ní ullamh agus le linn dúinn díreach bheith ar tí an anncaire bhaint agus cur chun fairrge siúd leis an ngaoith ar guagán gur éag sí ar fad. Ní raibh riamh crádh ba mhó. Ó bhí iarracht de dhroichiontaoibh ag an Aimiréal as na luamhairí (mar is Oráinsigh na luamhairí uile annso) dhein sé cómhartha chun cinnirí uile an chabhlaigh d'fhéachaint arbh é a dtuairim sin go bhféadfaí dul amach ar an ngaoith sin (Anoir 'nDeas lámh Soir) ach b'é a bhfreagradh uile ná féadfaí agus b'in deireadh leis an scéal. Uair a chluig 'na dhiaidh sin shín an ghaoth ó dheas fós, agus tháinig séideán fara tóirneacha agus splanncacha ; i gcás is gur mhaith an scéal ná rugadh orainn san uisce éadoimhin ar na bainnc atá i mbéal an róid tubaistigh seo. Fé dheireadh ghreamuigh sí Thiar Theas, san mball ba mheasa dhúinn-ne beagnach, agus annsan di ó shin.

D'fhonn gan moill a dhéanamh, do chuir an tAimiréal oifigeach amach le leitir do'n Aimiréal Duncan, ach, dáiríribh, is chun neart na namhad a bhreithniú é. D'fhill sé indé le tuairisc gur seacht longa déag líneagair atá i gcabhlach Dhuncan, agus dhá cheann nó trí tréleibhneach ortha san. Nach suairc sin. Tá socruithe go bhfanfam ar bórd an *Vryheid* agus dul le hádh, cómhairle calma breallsúnta, mar is mór atá idir thairbhe an ghnímh sin agus an baoghal a ghabhann leis—riail comórtais is maith liom féin ag meas ceiste dhom. Má marbhuightar an Taoiseach Daendels déanfaidh san leathtrom mór ar a luighead do'n fheachtas, nó teipfidh ar fad air d'á chionn b'fhéidir ; agus maidir lem ghnóthaí féin, dá marbhuightaí mé féin, agus gan an feachtas a dhul chun cinn 'na dhiaidh sin conus a bheidh ag mo mhúirnín croidhe agus ár mbáibíní beaga, is iad gan chosaint gan chothú ? Is fuath liom cuimhneamh air. Dá mbeinn i nÉirinn aon uair amháin ar fónamh agus mé do mharbhú annsan, dhéanfadh mo thír dhúthchais cúram díobh ; ach níl san de shólás annso agam. Is é an t-uathbhás é ! ach cá bhfuil mo leigheas-sa air ? *"Slave, I have set my life upon the cast, and I will stand the hazard of the die."* I gcead do'n Taoiseach Daendels is díomhaoin an poinnte onóra aige é, ach tá beartaithe air agus sin críoch leis. Agus rud eile—dá dtárluigheadh sinn d'ár ngabháil, ba phríosúnaigh chogaidh an chuid eile, ach conus a bheadh agam-sa *" C'est une chose à voir."* Chífeam.

Do scríobhas chun an Taoisigh Hoche, chun Lewines agus chun mo mhná. An ghaoth fós Aniar nDeas. Míle mallacht air ! Táim

indiu cúig lá fichead ar bórd, agus gur mór an tábhacht é cúig uaire fichead an tráth atá ann. Tá deallramh na cinniúna ar an ngnó so. Ar feadh cúig seachtaine, sé seachtaine measaim, bhí cabhlach Shasana fé dhímbrí de dheascaibh na gceannairc i bPortsmouth, i bPlymouth, agus san Nore. Ní raibh cosc ar fhairrge agus gan bacadh ar chabhlach na Hollainne agus na Frainnce araon gluais-eacht amach. 'Seadh, ní raibh aon ní ullamh; scaoileadh le failligh e an chaoi thairbheach san, ná faghaimíd a leithéid arís; agus anois, nuair atáimíd ullamh fé dheoidh annso, siúd an ghaoth 'nár n-aghaidh, an cheannairc fé chois, agus gan dul as againn gan sinn d'ár n-ionnsuidhe ag cabhlach is treise ná sinn féin. Táthar níos measa fós, déarfainn, i mBrest. Dá mbeimís-ne i nÉirinn le linn an éirghe amach san Nore, bheadh, gan amhras ar domhan, an cabhlach san againn ar aon chuma, agus a fhios do Dhia cad é toradh bheadh ó'n scéal san ar luingeas uile Shasana. B'fhéidir go gcuirfaí malairt cinniúna i n-áirithe síor do'n Eoraip; ach, mar adubhart cheana, tá an chaoi mhór imithe agus níl againn anois ach déanamh mar is fearr fhéadfam. "*Le vin est tiré, il faut le boire.*"

Lughnas 3, 4.—Gaoth mhíochóir. Do mholas indiu do'n Aimiréal iarracht a thabhairt ar shliogáin a dhiubhracadh le gunnaí an leibhinn íochtair. Dubhairt sé gur cheap ná hoirfeadh san, ach go dtriailfeadh é mar sin féin. *A naoi istoidhche.* Triaileadh an sliogán as gunna sé bpúnt triochad, agus sé d'oir go hálainn do. Is fearrde an tAimiréal, measaim, an beart san i gcás teagmhála leis na Sasanaigh, agus tá súil agam go raghaidh sé chun mórmhaitheasa.

Lughnas 5.—Ar maidin indiu tháinig ar bórd an *Vryheid*, Ó Labhradha, ó chonntae an Dúin, duine de'n Choiste Riaracháin, agus Seán Tennant, ó Bhéal Feirste. Ní haon aoibhneas a chuir an tuairisc a thugadar leo orm. Tá an ghéirleanúint i nÉirinn tar éis dul thar fóir, agus tá na daoine ann ag dul ar mímhisneach, de cheal na cabhrach úd, atá chómh fada san d'á gheallúint dóibh, a bheith gan teacht ortha, is go bhfuil ag dul d'á muinghin asta féin, agus as na treoraithe, agus gur beag ná fuil amhras calaoise aca ortha-san. Is é is bun leis an amhras san aca ná gur scaoileadh le failligh e ócáid mhór na ceannairce gan Rialtas na Frainnce do dhéanamh na hiarrachta ba lugha chun feidhm a bhaint as. Ní tógtha ortha an t-amhras. D'fhanadar go dtí an 24adh de Mheith-eamh, an lá deiridh a bhí ceadaithe ag Rialtas Shasana, do réir na gairmscoile ag tairgsint maithiúnais choitchinn, agus le teacht an

lae sin gur ghéilleadar ar fad beagnach agus gur ghlacadar an mhóid dílse; tá a n-airm, leis, tugtha uatha ag a n-urmhór, ach, de dheallramh, ní raibh ar aon chor oiread arm lámhachta ann agus a ceapadh.

D'á dheascaibh sin uile do mhéaduigh ar dhícheall an Choiste Riaracháin fé dhó. Do cuireadh Mac Cnáimhín do'n Fhrainnc ó Bhaile Átha Cliath, agus sheol sé ó Yarmouth, Iúl 7; dar ndóigh tá sé fadó riamh, im thuairim-se, i bParis. Do ghluais Ó Labhradha, an Tennantach, agus Partholán Taoiling le 'chéile go Hamburgh, mar a dtánadar coighcíos ó shin, agus ar fhagháil na leitre dhóibh a scríobhas chun mo dheirféar d'á innsint di go rabhas annso, ghluais an Taoilingeach ar ais go Sasana agus tá súil agam go sroichfidh sé an baile slán; má dheineann cuirfidh a theacht misneach ins na daoine; tháinig an bheirt eile annso. Is dona mar scéal é sin, ach, go dearbhtha, tá leas an ghnótha ag brath ar aon ní amháin. Má éirigheann leis na Duitsigh nó na Franncaigh dul i dtír i nÉirinn, ní dóigh liom go gcoiscfidh an géilleadh seo atá tugtha aca, na daoine ó'n rud ceart a dhéanamh, agus muna dtéightar i dtír ann, níl de rogha ag na daoine ach géilleadh nó teicheadh.

Do réir mar deir Ó Labhradha agus Tennant liom, taidhsighthar dom go raibh díth mhór mhisnigh ar an lucht ceannais i mBaile Átha Cliath. Ba mhór é m'amhras féin ar thuairisc Lewines, bíodh gur léir dom go raibh cruth fónta ar dhroichscéal aige; ach is deimhin liom anois é. Ní dubhart leo-san é, ámhthach, rud atá imithe iseadh anois é, agus ní maitheas a dhéanfadh cáineadh anois ach a mhalairt. Ní haon uair amháin a gríosuigheadh na daoine chun tosnaithe agus thairg ocht gcéad fear de'n gharastún, uair, barraicí Bhaile Átha Cliath a thabhairt uatha, dá dtugadh na taoisigh an cómhartha chun gluaiste; bhí an militia uile go léir, beagnach, tagaithe ar ár dtaobh agus tá cuid de na haindeiseoirí bochta san tar éis díol as d'á dheascaibh. Is deacair breith a thabhairt chómh fada so ó bhaile, ach taidhsightar dómh-sa gur thláithe dhomhaithte dhóibh é, nó meathtacht dáiríribh féin, agus caoi d'á leihéid a scaoileadh thársta. Nuair a bheadh ocht gcéad de'n gharastún agus na barraicí mar thosach aca ba leo an phríomhchathair go léir i gcionn uair a chluig, agus le leath dosaon duine a ghabháil, bheadh an Rialtas ar fad ar éidtreoir aca agus an réabhlóid i gcrích aca le haon fhorógradh amháin. Ach, mar adubhart cheana, is deacair breith éaghmaise a thabhairt. Is eol dom nach fear Mac Eochaidh chun "*coup de main;*" tá greim fachta aige,

do réir scéil Lewines, ar Mhac Cormaic le déannaighe, agus, ar aon chuma, tá Dick cheana féin thar aois chun dul le heachtra fiúntair. Is iongnadh liom ná raibh preab ní b'fhearr i nEmmet mar is eol dom gur oidhre ar Chaesar é ar chalmacht pearsan. Dar liom-sa is caoi atá caillte againn é ná fagham a leithéid arís, ar éigean.

Deir Ó Labhradha agus an Tennantach liom go bhfuil 80,000 fear i nÉirinn de thrúpaí Sasanacha, ag áireamh militia agus complachtaí yeomen, agus de'n dream deiridh tá ar fad díobh ann b'fhéidir 35,000; ach measaim-se gur áireamh atá go mór thar ceart é sin: mar gur buille fé thuairim a bhí d'á thabhairt aca agus is gnáth, adeir Johnson, uimhir fé thuairim a bheith síor thar ceart. Déarfainn-se, ámh, go mbeadh 50,000 nó 55,000 de'n uile chineál ann, agus ní hé an sluagh san, mar gur aithnid dom cér díobh iad, a chuirfeadh aon mhíodhóchas buaidhe orm, dá bhféadaimís dul as an diabhal puill seo, rud nách dóigh sin; agus, d'fhonn mé chur níos mó fé mheidhir, do hinnseadh dom gur gnáth leis an ngaoith aniar so, atá d'ár gceangal annso, go maireann sí ar feadh na míosa so uile. Sula mbí an tréimhse sin caithte beidh ár gcuid lóin ithte againn agus daoine breoite go tiugh againn: mar ní féidir a cheapadh go mairfidh sláinte na saighdiúirí an fhaid sin, agus iad dingthe ar a chéile ins na hárthaighe iomluchtaidh mar bheadh scadáin i mbairrle. Cuir leis sin an baoghal go ndéanfaí síothcháin le Sasana, agus ní miste dar liom a rádh nach gruaim gan adhbhar fé ndeara dhom a cheapadh gur danardha olc an deallramh atá ar rudaí indiu.

Táim tar éis liost d'árthaighe cabhlaigh Dhuncan a dhéanamh le cabhair an liost luingeas úd le Steel, agus chítar dom go bhfuil dhá luing 98 gunna aige, dhá cheann 80, dhá cheann 74, ocht gcinn 64, agus trí cinn 50 gunna, d'éaghmais frigéidí. An ghaoth fiar fós, 'sé sin aniar 'ndeas lámh siar.

Lughnas 6, 7, 8.—Gaoth ar neamhchóir. Tá moill curtha annso chómh fada san orainn go bhfuil ag tosnú ar dhul go mór d'ár ndóchas go ragham choidhche ar an bhfeachtas so go hÉirinn agus is mór é m'amhras go bhfuil an Taoiseach ag beartú ar a mhalairt d'áit, mar go bhfeaca go minic le trí lá é ag breithniú léarscáil Shasana, go mórmór an t-imeallbhórd thoir timcheall Yarmouth, agus chuir sé roinnt cheisteanna chugam fé'n tuairim sin. Toisc gur ghaibh Ó Labhradha agus an Tennantach an treo san le déannaighe fuaireas fios uatha gur beag má tá aon trúpaí ar an gcósta ann ach longphort beag ag Ipswich, tuairim leathslí, nó

i ngoireacht 69 míle do Lonndain. D'á bhrí sin, araer, nuair a bhí an Taoiseach agus mé féin 'nár n-aonar ag siubhal an leibhinn cheathrún ag mallachtú ar an ngaoith, thagair sé do'n eagla bhí ag teacht air ná seasóchadh an lón dúinn, agus do'n bhaoghal a bheadh ann tabhairt fé'n turas ó thuaidh chómh déannach so san tséasúr agus do thrácht arís ar cheanntar Yarmouth. Dubhart-sa d'á mbeadh de mhí-adh orainn sinn do mhoilliú chómh déannach san san tséasúr agus ná féadfaí dul ar aon chor go hÉirinn go mb'fhiú, dar ndóigh, rud éigin a dhéanamh i Sasana, ar mhaithe le glóire airm na Hollainne agus chun ná téigheadh an costas go léir a bhí déanta gan toradh éigin a bheith air. Gurbh é mholfainn, san gcás san, ná dul de sciúird go cósta Shasana, an t-arm do chur i dtír ag Harwich, nó ní ba chómhgaraighe do Lonndain dá mb'fhéidir, i n-ionad dul go Yarmouth ; gan a bhreith linn ach lón sé lá d'arán agus lón lámhaigh ; fobha danardha thabhairt fé'n bpríomh-chathair, de ruaga deithneasacha, agus nár cheapas ná go bhféadfaimís í shroichsint, sula mbeadh sluagh a bheadh ionchómhraic linn bailithe d'ár gcosc, má bhí an t-imeallbhórd ar díth trúpaí fé mar adubhairt Ó Labhradha agus an Tennantach. Dá mbeimís aon uair amháin ann, go bhféadfaimís dubhshlán Shasana uile a thabhairt ; mar, dá mbailighidís líon 100,000 dhíobh i Hyde Park, d'fhéadfaimís i gcómhnaidhe ár rogha connartha a dhéanamh leo maidir le bagairt ortha, dá gcuiridís chuige sinn, an chathair a chur le toiteán idir a ceithre cúinne istigh agus troid chosanta a dhéanamh annsan go deireadh scríbe ; nár bhaoghal liom, dá mbeadh Lonndain 'na gheall againn, ná go bhfaghaimís ár gconnradh ; agus do leanas orm, ach nách fios dom an le feidhm mhór é, i dtaobh na glóire a leanfadh beart chómh danardha léi dá n-éirigheadh linn, agus, bíodh nár dhóigh indéanta é, do taidhsigheadh dómh-sa go raibh díol a bhreithnithe go cúramach d'indéantacht ann. Dubhart, leis, mar le mionrud, dá sroichimís Lonndain, go bhfaghaimís, gan aon amhras, congnamh mór ann, de bhrí go raibh ar an daoscar sluagh ann mórchuid Éireannach, na mílte dhíobh, agus diúlaigh danardha iad san ná beadh uatha, is deimhin, ach caoi chun a dtoil d'imirt ar Shasanaigh.

Níor thaidhsigh go ndearnaidh na hargóintí sin go léir aon bhogadh ar Dhaendels mar gur lean d'á scéim i dtaobh Yarmouth. Taidhsightar dom go bhfuil súil aige le cabhair éigin annsúd ; ach gheobhaidh sé a mhealladh go dona ann dar liom-sa. Má deintar aon ní i Sasana, is de "*choup de main*," é, dar liom-sa, ach is

amhlaidh atá súd ag tracht ar a ghreim a chonghbháil tamall san dúthaigh agus is dearg-dhíth céille é sin le 14,000 fear.

D'fhiafruigh díom, dá dtéigheadh féin i dtír ar an imeallbhórd thoir arbh fhéidir go dtiocfadh aon chuid de na hÉireannaigh i dtír thiar agus gabháil treasna na tíre chuige féin agus go dtiubhradh airm dóibh? Níor bheag liom de fhreagradh ar an gceist rodhí-chéillidhe sin a rádh, gan gáire, nár cheapas go bhféadfaí é dhéanamh. Dar ndóigh níl ann ach díth céille dearg a cheapadh, ar aon chor, go bhféadfadh aon dream fear, gan airm, beart d'á leithéid a dhéanamh agus gan long amháin féin aca a bhéarfadh treasna iad. Ná an dul i dtír sin i Sasana b'fhearr liom míle uair go bhféadfaidís dul fén bpáirc 'na dtír féin. Ní thuigim conus a tháinig smaoineamh ain-spianta mar sin i gceann Dhaendels; ach thaidhsigh sé bheith dáiríribh mar sin féin. Ach maidir lem scéim-se, measaim go ndéan-fadh sé dul i dtír; ach admhuighim go héascaidh gur gábhadh meabhair agus misneach mar súd chun tabhairt fé bheart mar é. Is deimhin ná tabharfam-na fé. B'é freagradh Dhaendels fé dheoidh gurbh é a thuairim ná haontóchadh an Rialtas Duitseach leis, agus dá ndeinidís, féin, go gcaithfaí an iomarca aimsire leis, mar dá dtogruightaí é, go gcaithfaí aitheagar a chur ar an arm, agus ní thuigim-se sin. Is dóigh liom go ndéanfadh Hoche le 15,000 de ghrenadóirí Franncacha é, ach maidir le Duitsigh ní fheadar cad deirim; dar liom-sa, ámh, ní fál go haer é. Níl ann ach dhá mhíle seachtmhód ó Harwich go Lonndain, turas trí lá de ruaig deithnea-sach dá mba go mbeadh capaill tarraingthe againn i gcómhair an ordnáis, is go gcaithfimís, mar sin, a leithéidí a bhreith anonn linn. Ach níl orm ach speabhraoidí, mar ná déanfar an rud so; agus sin deireadh leis, máiseadh.

Lughnas 9.—Ar maidin do ghaibh an Taoiseach, Ó Labhradha, an Tennantach agus mé féin i dtír chun siubhlóide cúpla uair a chluig. Do cheistigh sé go cruinn iad i dtaobh aon eolais a bheadh aca ar an dul a bhí ar aigne an phobail i nAlbain, agus an raibh aon dóigh ann go bhfaghfaí aon chabhair ó lucht tírghrádha san dúthaigh sin, dá dtárluigheadh moill chómh mór san a dhul ar an bhfeachtas go hÉirinn nárbh fhéidir gluaiseacht ann, agus go dtogróchadh sé d'á dheascaibh sin tabhairt fé Albain.

Thugadar freagradh go céillidhe air: do cuireadh do réir deall-raimh toscairí ó thuaisceart na hÉireann chun na tíre sin chun córas na nÉireannach nAontaithe do leathnú ann, agus go bhfuil éirithe leo, a bheag nó a mhór, i gcuid de na príomhbhailte monar-

chan, de leithéid Phaisley agus Glascú, mar a bhfuil cumainn bunaithe cheana féin, agus do réir na dtuairiscí is déannaighe bhí gluaiseacht chómh maith san déanta aca go raibh coiste cúige ceapaithe ; dubhradar, ámh, ná raibh d'fhianaise ar fhírinne na nithe sin ach na toscairí a cuireadh ó'n Tuaisceart ann, ní raibh aoinne curtha ag na hAlbanaigh uatha féin thar n-ais ; ná féadfaidís a rádh an raibh lucht tírghrádha Alban rúinbheartaithe go leor chun dul le hairm i gcás tírghabhála, ach gurbh é a dtuairim ná rabhadar amhlaidh. Maidir le cabhair ó Éirinn, agus cheistigh Daendels go cruinn 'na thaobh san iad, b'é a dtuairim daingean ná raibh fagháil ar bith air. Go dearbhtha, is é an dóchas gan deallramh é.

Tar éis an scéal go léir a shuathadh; scaramar ; chuaidh an Taoiseach ar bórd an *Vryheid*, agus chuas féin agus Ó Labhradha agus an Tennantach go dtí an Texel mar a bhfuil lóistín measardha aca i sráidbhaile beag. Do shiubhluigheamar cuid mhór de'n oileán. Ó nádúir, is é an ball is aimride neimhsheascaire é d'á bhfuil ar bith ; ach de thoradh móiriarrachtaí, fé shaoirse agus deighrialtais, tá mórchuid de'n ghairbhtheanaigh sin tugtha chun tíreachais, cosaint agus tiormú uirthi, í fé tháinte is tréada, tighthe niata teolaidhe go tiugh innti, chúig cinn de shráidbhailte d'á chothú aici agus deiseacht ionnta maidir le n-a gcinéal féin. Is mór thar tuigsint líon na ndaoine ann agus beatha agus éadach fónta ag na tuathanaigh. Do rith Éire míle uair im chuimhne, a hithir agus a haeráid bhreágh agus rogha gach maitheasa d'ár bhronn an aicne go flaithiúil uirthi, iad uile millte ó anáil nimhe an Rialtais mhallaithe atá ós a cionn, agus thagadh racht uilc agus canncair orm. 'Seadh, níl leigheas agam-sa air agus ná bím a thuille, má fhéadaim, ag cuimhneamh ar scéal chómh dúr leis.

Lughnas 10, 11.—Do chaitheas dhá lá go suairc fara Ó Labhradha agus an Tennantach agus d'fhilleas ar bórd annsan. Is breágh an bheirt rábairí iad, go mórmór Ó Labhradha, a thaithnigheann thar barr liom. Tuillfidh súd clú, measaim, má bhainimíd le hádh Éire amach.

Lughnas 12.—D'imigh an Taoiseach ar thuras i dtír agus níor fhill fós. Tá an ghaoth chómh mór ar mí-áird agus bhí riamh, agus tá éadóchas dáiríribh ag teacht orm i dtaobh ár ngnótha-na. Do scaoil an tAimiréal an rún anocht liom. Dubhairt sé gur scríobh sé meamram le cur chun an Rialtais d'á rádh gurbh é beartuigheadh ar dtúis gach rud a bheith ullamh i gcómhair tosach an Iúil, agus d'á

bhrí sin go raibh gach ní ar bórd i gcómhair an 9adh lae; gurbh é neart an chabhlaigh Shasanaigh an uair sin, ar a mhéid, trí longa déag líneagair agus nárbh aon chosc éifeachtach an méid sin; toisc gaoth chonntrárdha bheith riamh ó shin ann, gan osadh aon uaire, go bhfuair an namhaid aga a neart a mhéadú go seacht longa déag líneagair, oinnus go raibh neart de bhreis anois aige thar an gcabhlach Duitseach, agus dar ndóigh gur fhág san i mball an amhrais, ar chuma, toradh aon teagmhála cómhraic; de dheascaibh na moille sin gan coinne, rud b'fhéidir a bheadh buan tamall eile fós, go raibh ídiú mór thar mar ceapadh déanta ar ár lón bidh, ionnus, i gcionn beagán laethe, ná beadh ann ar éigean ach dóthain i gcómhair an eachtra mórdtimcheall ó thuaidh; go raibh an séasúr i ndáil a bheith caithte, agus dá maireadh an ghaoth mhíochóir coigh-cíos eile go mbeadh baoghal mór ann tabhairt fé'n eachtra, nó ná féadfaí tabhairt fé chuige, le cabhlach go mbeadh tionnlac oiread san de luingeas iomluchtaithe—seachtmhó díobh de'n uile chinéal—air; agus, d'á dheascaibh sin, fiú féin dá mbuaidhidís ar na Sasanaigh nárbh aon deimhniú é sin go n-éireochadh leis an bhfeachtas, mar go millfeadh an séasúr féin é; ar na fátha san uile gurbh é a thuairim nár chóir dul chun cinn a thuille leis an rud a bhí anois ar láimh, agus, mar sin gur mhol sé go bhfógróchaí go foirleathan go raibh éirithe as an bhfeachtas; go mbéarfaí i dtír na saighdiúirí, go dtí 2,500 nó 3,000 de ghléire an tsluaigh a fágfaí, fara a fiche nó a triocha de phíosaí ordnáis, agus na hairm agus an lón lámhaigh uile, ar bórd na bhfrigéidí agus an chinn nó dhó ba luaithshiubhlaighe de na longa iomluchtaidh; ó bheadh d'á bhrí sin, an namhaid ag tabhairt faillighe san bhfaireachán go bhféadfadh an méid sin long gabháil chun fairrge an chéad chaoi gheobhaidís agus an áit a ceapadh an chéad lá a bhaint amach, agus idir fhearaibh, airm agus gunnaí móra a chur i dtír ann, agus go raghadh sé féin fé dhóibh an beartúchán san a chur chun críche; ar an gcuma san, fiú dá dteipeadh féin ortha, nach mór a bheadh an Phoblacht caillte leis, agus dán-éirigheadh leo gur mór a bheadh sí buaidhte leis; go mbeadh fós ó bhaoghal aici a sárchabhlach, an t-aon chúltaca atá anois aici, agus i rith an gheimhridh, go bhféadfaí bheith ag cur leis agus, muna ndeintaí síothcháin i rith an gheimhridh, go mbeadh fiche long líneagair aca san Muir Thuaidh ar thosnú do'n chéad chathaidheacht eile; ar an taobh eile de'n scéal bhí an bheart atá ceapaithe ó thúis, go bhfuil neart breise na namhad, agus an caitheamh thar cuimse ar lón agus, go mórmór, deireannaighe an tséasúir 'na coinne

dá n-éirigheadh, féin, léi nárbh aon deimhniú é sin go raghadh an feachtas chun deighchríche, agus dá dteipeadh uirthi, agus an cabhlach do mhilleadh d'á deascaibh, go mbuailfaí buille ar an bPoblacht ná tiocfadh sí uaidh, go ceann abhfad pé scéal é. Is tréan na fátha iad san, go dearbhtha, agus mí-ádhmharach go leor, tá an ghaoth, gach nóimeat, ag treisiú aniar leo. Dubhart 'ghá fhreagairt nárbh eol dom ar an nóimeat san aon chonstaic le brí a luadhfainn 'na choinne, agus ná raibh le rádh agam ach muna gcuireadh an Phoblacht Bhatáibheach ach líon ghárda chorporail go hÉirinn go rabhas-sa le bheith 'na measc.

Sin é, máiseadh, ár bhfeachtas-na i ndeighthreo. Nach uathbhásach é? Sin tárrtháil ag an ngaoith ar Shasana dhá uair le trí ráithe. Do thaidhseochadh sé go bhfuil na dúilí domhanda féin i gcóimhcheilg d'iarraidh ár ndaoirse a bhuanú, agus sotal agus anbhroid na dtíoránach a chosaint. Cad tá le dénamh agam-sa anois? Níl rud. Ní fhanfaidh ag muinntir na hÉireann feasta aon iontaoibh asta féin ná as a gcuid treoraithe, agus is ag Dia amháin atá a fhios fiú an ndéanfaidís aon bheart bhríomhar ná neartmhar dá n-éirigheadh linn-ne dul i dtír le 3,000 fear. Is é mo dhóigh agus mo thuairim go ndéanfaidís; ach, tar éis gach ni, ní ró dheimhnitheach liom é, do mealladh chómh minic sin iad agus tá an méid a dheineadar san ngnó go dtí so agartha 'na ghéirleanúint chómh dian san ortha; ach is dóigh gurab amhlaidh a ghríosuigh an ghéirleanúint a n-aigne, agus ní foláir liom dá bhfeicidís na hairm nó bhéarfaidís láithreach ortha agus ionnsóchaidís lucht a smachtaithe leo. Ní chreidfinn a mhalairt. Pé scéal é, fionnfam olcas an scéil, ar a luighead, agus muna bhfuil de mhisneach ionnta fód a saortha féin a sheasamh fanaidís san daoirse agus san úirísle í bhfuilid. Cabhróchad, mar sin, a fhaid atá im chumas le plan na Aimiréil, go mór mór ós léir dom gurab í ár n-aontseift anois i, agus d'á laige í is fearr í ná bheith gan ní. Caithfeam tosnú anoís, má's tosnú dhúinn, ar nós na bhFranncach i La Vendée. Máiseadh is maith í ár gcúis-ne agus níor mhaith é a gceann súd; sinn-ne an Pobal, agus ní raibh ionnta súd acht cuid ar leith de mhuinntir dhá chúige; tá cómhachtaí nirt againn-ne, agus, ar an bplan so do láthair againn, caithfeam feidhm a bhaint asta *uile*. Idir so súd ní fheadar ná go bhfuil rud éigin san bhfeachtas só atá d'á bheartú a réidhtigheann lem mheon agus le gnás mo mhachtnaimh; agus, im pháirt-se, sin faoisidin gur mó a macántacht ná a críonnacht; mar is rómhaith a bhraithim í bheith go díchéillidhe, ach tar 'éis sin.

sin é mo mheon agus níl leigheas agam air. Táim ag éirgle imeartha ar fad, agus bím uaireannta go mb'fhearr liom, nach mór, an bás, muna mbeadh le himnidhe i dtaobh mo mhná agus mo bháibíní beaga caithis, ná fuil de thaca aca ach mise do mhaireachtaint. Beannacht Dé an Uilechómacht go síorraidhe buan ortha. Ach seo rud nach beithte dhom machtnamh air. Scuirim de feasta.

Lughnas 13.—D'fhill an Taoiseach araer tar éis a thurais, agus tharraing sé chugam ar maidin plan an Aimiréil, agus dubhairt nár ró léir do féin a éifeacht, agus bhí ag cromadh ar na fátha a chur síos dom, nuair a chuir an Taoiseach Dumonceau, an tÁrd-taoiseach tanaiste, agus gasra mór oifigeach, isteach ar an gcómhrádh,

Nuair a luaidhfidh sé arís é seasóchad-sa le plan Dewinter ar mo láindícheall. Tá an ghaoth chómh neamhchóir agus bhí riamh, .i. aniar andeas; agus is 'na chómhgar san di anois leis an sé lá triochad atáim-se ar bórd .i. ó Iúl 8 so caithte. (*Istoidhche:*) Tá an Taoiseach agus mé féin tar éis bheith ag iniúchadh léarscáil Shasana, agus plan d'á bheartú aige a cheapaim-se is díth céille dearg .i. dul i dtír i Lynne nó 'na aice, i Lincolnshire, le 14,000, mar a bhféadfadh sé, dar leis, é féin a chosaint chun go bhfilleadh an cabhlach arís air leis an oiread eile 'na chabhair, agus gluaiseacht roimhis annsan go Lonndain, agus cath a fhreastal ar an slí. Is ar éigean is fiú bheith ag áiteamh i n-aghaidh ruda nach baoghal go dtiubharthar choidhche fé; is leor a rádh gur de choinghealla riachtanacha an ghnímh atá beartaithe aige go mbeadh smacht na fairrge go hiomlán ar a láimh ó thúis go deireadh an ghnótha. Ní beag san de thrácht air. Farais sin, fiú le 28,000 fear, agus dá mbeadh capaill do n-a mharcraidh agus d'á chuid gunnaí móra aige, rud ná beadh, níor mhaith an dóigh go mbrúghfadh sé roimhis tré thír namhad ar feadh breis agus céad míle slí, agus aga ag an namhaid a shluaighte a bhailiú agus cóir a cheapadh chun fáilte teas-aidhe a chur roimhis. Ach ní gábhadh bheith ag áiteamh 'na choinnibh, mar adubhart cheana, ní thiúbharfar choidhche fé; máiseadh, fágaimís marbh é.

Lughnas 14.—Tá an Taoiseach imithe leis arís ar cuaird ábhachta san Hollainn Thuaidh. Thug sé cuireadh dhom dul 'na theannta, ach níl aon dúil agam-sa i n-ábhacht ná i ngreann d'aon tsaghas; mar sin dhiúltuigheas dul, agus d'imigheas go dtí an Texel go bhfeicinn Ó Labhradha agus an Tennantach chun trácht ar phlan an Aimiréil leo agus fios a dtuairim d'fhagháil 'na thaobh. Tar éis dinnéir bhuaileamar linn amach go dtí feirm bheag dheas, tuairim

leathmhíle ó'n tsráid, mar a bhfuil lóistín aca, agus shuidheamar ar chnocán mar a raibh radharc ar an gcabhlach againn a bhí ar anncaire fúinn thíos. Dubhart annsan leo go raibh deireadh, do réir mar thaidhsigh dom, leis an bhfeachtas so againn, maidir leis an méid a ceapadh ar dtúis a bheith ann, agus d'innseas na fátha a luaidh Dewinter leis agus ná féadfaí a bhréagnú. D'innseas a phlan súd annsan dóibh agus d'iarras a gcómhairle agus a dtuairim ar an scéal ar fad, agus go mórmór ar an rud ba thábhachtach: an dtiocfadh na daoine linn nuair ná feicidís againn ach 3,000 fear Tar éis a lán cainnte b'é a dtuairim ar deireadh go bhféadfaí é dhéanamh le mórdhuadh; agus, le sáirdhícheall agus róbhaoghal maidir le n-a dtreoraithe, go bhféadfaí na daoine a ghríosadh; ach chuige sin go mba riachtanach gur i gconntae an Dúin nó Aondroma a gheobhthaí i dtír, ach san gcéad cheann go mórmór, mar a raibh, san Meitheamh so caithte, cheithre cipe fhichead, míle fear gach ceann díobh, ullamh cóirithe, fé lánfhuirinn oifigeach agus leas-oifigeach. Dubhradar 'na theannta san, dá dtêigheadh an feachtas chun cinn ráithe ó shin, is gan ann ach cúig céad fear nár bhaoghal do teip, ach go raibh trághadh mór ar spioraid an phobail ó shin agus cuid mhór de na treoraithe ba dúthrachtaighe agus ab fhearr i bpríosún nó ar díbirt, agus gurbh 'in rud a dhéanfadh ceataighe mhór le linn an ghnótha so do láthair a chur chun cinn. Ba léir dom go raibh mímhisneach mór ortha de dheascaibh an athraithe bhí déanta agus luigheadú ár gcórach d'á bharr san, agus dheineas mo dhícheall d'á ngríosadh. Tháinig meanma dhúinn go léir fé dheireadh le n-a thuigsint dúinn, dá mbeirimís buaidh agus an sluagh chómh beag san go mba mhóide ár ngradam é, agus dá dteipeadh orainn go mba lughaide bheadh fáth ár gcáinte ann. Do ghéilleamar gurbh eadh mar bheadh againn, ar dhul dúinn i dtír, ná dála lucht loiscithe a gcuid long—ná beadh slí éalaithe againn, go mba buaidh nó bás dúinn é, agus chuireamar móiriontaoibh, fé mar ba chuibhe measaim-se, as an mbruth díoghraise a mhúsclóch-aimís ameasc na ndaoine. Do réidhtigheamar, leis, go ngeobhaimís le haon chóir ba ghábhadh chun buaidh a bhreith níos túisce ná dul órdlach ar gcúl ó'n ngníomh a bhí rómhainn. Tar éis an chómh-ráidh sin d'fhilleamar chun an ósta, chaitheamar suipéar agus, tar éis deocha dílseachta agus sláinte a chéile d'ól, chuamar chun leabthan go deireannach san oidhche.

Lughnas 15.—De bhrí gur gábhadh trí seachtaine nó mí chun aithtreo a chur ar rudaí i gcómhair an fheachtais nua so, tá bear-

taithe ag Ó Labhradha is an Tennantach imeacht leo go dtí an Hague agus, má bhíonn aga aca, go Paris, go bhfeicidís Mac Cnáimhín agus Lewines agus a gcabhair a chur le 'chéile fé thuairim conganta d'iarraidh ar an bhFrainnc; agus go speisialta, dá mb'fhéidir é, armáil bheag d'fhagháil chun cómhoibriú leis an gceann ó'n Texel, rud a dhéanfadh neimhmeon maitheasa maidir le scéal an bhaoghail a leathadh, agus meascán mearaidhe a dhéanamh do'n namhaid. Ba mhian leo, leis, mise a dhul leo, agus dá mbeadh an aga agus an t-airgead agam, níorbh fhearr liom rud de, agus dhéanfadh sé maitheas, dar liom. Dá bhrí sin, do socruigheadh ar maidin, go raghainn thar n-ais láithreach ar bórd an *Vryheid*, chun an scéal a chur fé bhrághaid an Aimiréil Dewinter. D'fhilleas d'á bhrí sin, ach ní raibh an tAimiréal ar bórd. Ar theacht dom chonnac trí frigéidí agus cheithre brig armála díreach ag dul fé sheol, rud a chuir beagán iongantais orm. D'fhill an tAimiréal go deireannach tráthnóna, agus d'innseas do cad a bhí ceapaithe againn. Do mhol sé go hárd é, agus dubhairt go dtiúbhradh d' Ó Labhradha is do'n Tennantach leitreacha aitheantais go dtí an Rialtas Duitseach. Ní dubhart-sa aon ní i dtaobh mo dhul féin leo nó go bhfeicead an Taoiseach atá gan filleadh fós ó n-a dhream cómhluadair. Dubhairt Dewinter liom, toisc na frigéidí Sasanacha a theacht i mbéal an róid isteach, agus iad a stop a dó nó a trí d'árthaighe neodrúla fé luchtaí adhmaid, gur órduigh sé roinnt luingeas a dhul go béal an róid chun árthaighe tráchtála a chosaint agus fós chun an namhaid a mhealladh i gcómhair an bheart atá anois ceapaithe againn, tré thaithighe a thabhairt do ar na frigéidí d'feicsint isteach is amach; is go dtug órdú dhóibh teagmháil cómhraic a sheachaint de shíor. Níl freagradh fachta fós i dtaobh an phlan úd aige ó'n Rialtas. D'fhiafruigh Grasveldt, a tháinig ar bórd an *Vryheid*, cad é mo thuairim-se dhe. Do fhreagruigheas-sa, gan amhras, ná raibh an tacaidheacht chéadna chun buaidhe san gcórú beag ciorrbhaithe seo agus bhí san gcéad cheann; ach, d'á aindeoin sin, go raibh de dhóichighe fós ann, tar éis an cuspa agus an baoghal a chóimhmheas, go mba chóir do'n Rialtas cinneadh ar ghabháil leis, agus gurbh 'in é, leis, tuairim mo charad. Leis sin do scríobh Grasveldt leitir (Is é mo thuairim gur chun Coiste na nGnóthaí Coigcríoch í) i bhfábhar phlan Dewinter. Ba cheart dom a chur síos 'na ionad cheart, nuair a bhí an Taoiseach ag imeacht maidin indé, go ndubhairt sé liom go raibh sé féin sásta dul i gceannas 2,500 dá bhfeiceadh sé aon dóigh ann a shaorfadh é féin ós cómhair an tsaoghail mhóir ó

bhreith gealtaidheachta, tré íobairt a dhéanamh de féin agus d'á shluagh; agus go seasóchadh sé, d'á bhrí sin, do phlan an Aimiréil. Caithfeam fanúint anois go bhfeiceam freagradh an Rialtais Duitsigh; agus, ar an adhbhar san, b'fhearr liom go mbeimís i dtriúr ag an Hague : ba luaithe cinnte ar chómhairle aca, b'fhéidir, ár dtuairim-ne a chlos.

Lughnas 16. Do chuas go dtí an Texel chun Uí Labhradha agus an Tennantaigh, agus chaitheas an lá ann.

Lughnas 17.—Thánamar i dtriúr ar bórd an *Vryheid* d'fhonn socrú i gcómhair ár dturais go dtí an Hague agus ar theacht fuaireamar rudaí ann ar chor neamhshuairc go leor. Is róléir dom míothaithneamh nach suarach ag an Aimiréal agus ag an Taoiseach d'á chéile, agus droichmhéin searbhasach chun a chéile nach aon tuar fónta é. Is é an Taoiseach is túisce labhair liom. Dá mbeadh aige, ar sé, 4 000 fear .i. cheithre cath *yager*, 2,000 ; dhá chath grenadóirí, 1,500 ; dhá scuadrún hussár, 400 ; complacht de'n ordnás éadtrom 150 ; gunnadóirí, 100 ; agus 50 oifigeach de'n État Major, gheobhadh sé air féin é mar ghnó, ach ní gheobhadh ar shluagh ba lugha ; dá n-órduigheadh an Rialtas do dul ann le cath amháin fear go rachadh ann, ach go gcómhairleochadh go láidir, gan tabhairt fé le sluagh fé bhun 4,000 fear. Dubhart-sa go ngéillfeadh an Rialtas, gan amhras, d'á thuairim sin i gcúrsaí mileata. Do labhras annsan leis an Aimiréal agus d'innseas do cad dubhairt an Taoiseach i dtaobh an nirt slógha a bheadh 'na thuairim-sin, riachtanach. Do fhreagair an tAimiréal láithreach nárbh fhéidir é agus ná geobhadh air féin thar 2,500 fear, ar a mhéid, a chur anonn agus nár mhór ocht longa déag chun an méid sin féin d'iomchur, mar atá, sé frigéidí, a bhéarfadh 600 fear b'fhéidir ; sé longa móra iomluchtaidh, 1,800 agus an 100 eile i sé cinn de lugeairí is de choití. Measaim nach áireamh réasúnta é sin. Do bhí 250 fear ar bórd gach frigéid i mBrest againn agus níl ag Dewinter ach 100 ; níl amhras ná go mbéarfadh gach ceann aca 200. Do chuir an tAimiréal i gcoinnibh na hussár, leis, nár ghabhadh iad agus go dteastóchadh iomad slí d'á mbagáiste ; agus ní réidhtighim-se ar aon chor san méid sin leis. A fhaid ar a ghoireacht é, taidhsightar dom go bhfuil an feachtas so, leis, i mbaoghal a mhillte, mar d'imigh ar chuid mhaith eile aca, tré neamhaontadh idir na maradóirí agus na tíreadóirí, pé cúis eile bheadh 'na choinnibh. Ní scéal amhrais agam feasta an neamhaontadh san. Scéal suairc é!

Lughnas 18.—Do bhain an scéal céadna dhúinn maidin indiu a thárlaidh uair nó dhó ceana. Ar a ceathair nó a cúig ar maidin d'aistrigh an ghaoth soir; tugadh an t-órdú bheith ullamh chun dul fé sheol, do chuathas ar an gceaptochrais, baineadh anncaire, teannadh ar an gceann eile, chun bheith ullamh do'n taoide; chuir an tAimiréal agus an Taoiseach tuarasgabhála le 'chéile, agus scríobhas féin chun mo mhná. Ar a naoi, fé dheireadh, chuaidh as do'n ghaoith, agus ar a deich d'aistrigh sí siar ódheas arís san tseanáit agus d'fhan ann; máiseadh, b'in deireadh leis an ngnó. Táim-se chómh fada agus chómh minic sin dom mhealladh ar an tslí sin, go bhfuilim 'na thaithighe anois; mar sin, ghlacas so gan buaireamh. B'fhaoiseamh dom é leitir a fuaireas óm mhnaoi, rud a chuir sásamh rómhór orm. Buidheachas le Dia tá sí féin agus mo bháibíní bochta go maith. Dia mór na bhFeart d'á mbeannachadh.

Lughnas 19, 20.—Ar maidin indé ghluais an Taoiseach agus Grasvelt go dtí an Hague i n-aon chóiste, agus Ó Labhradha, mé féin, agus an Tennantach i gceann eile. Do shroicheamar slán an tráthnóna so, *per varios casus, per tot discrimina rerum.*

Lughnas 21.—Bricfeast i dteannta an Taoisigh. B'é a chéad scéal dom gur dhiúltuigh an Rialtas do phlan an Aimiréil .i. 2,500 fear a chur anonn, i dteannta na n-arm, na stór agus an lóin lámhaigh, agus gur chinneadar leanúint ar an mbeart a ceapadh ó thosach; de bhrí deireannaighe an tséasúir, ámh, gur cheap sé féin meamram a thaispeáin sé dhom, ag moladh atharrach slí. Seo é go cumair é: bualadh amach agus cath do fhreastal do'n Aimiréal Duncan. Má beirtar buaidh catha, sinn a ghluaiseacht anonn láithreach le 15,000 fear, nó leis an méid 'na dteannta d'fhéadfaimís a chur ann ar gach gléas ionsnáimh, go hAlbain; Dún Éidin, de'n chéad iarracht a ghabháil, agus gluaiseacht cruinn díreach go Glascú agus gach dícheall a dhéanamh a chuir 'na luighe ar an namhaid go raibh beartaithe againn tabhairt fé Thuaisceart Shasana, rud a dhéanfaimís maille re dreama de lucht ionnraidh a chur uainn ag gabháil chreach, ⁊rl., san treo san; dul ar ár gcosaint, san eadramh, laistiar de'n chanáile atá idir Chaolas Foirthe agus Inbhear Cluaidhe, ár ndeis ag Dún Breatan agus ár gclé ag Falkirk, fé mar is fearr is cuimhin liom mar ná fuil agam im láthair ceachtar aca an léarscáil ná an meamram; a mbeadh de loingeas ar an gCluaidh a ghabháil agus an t-arm a chur treasna go Tuaisceart na hÉireann; le linn na nguíomharta mileata san a beith ar siubhal i dtír, na

frigéidí agus an méid ba lugha ba ghábhadh de'n luingeas iomlucht-aidh chun órdnás, stóir, ⁊rl., d'iomchur, a chur óthuaidh timcheall. Rud eile fós go mb' fhéidir, tré na bearta sin uile, go mbeadh eagla chuca ar na Sasanaigh i dtaobh a ndúthaighe féin, agus go mbéar-faidís cuid d'á dtrúpaí thar n-ais ó Éirinn, agus go mba mhór an áis é d'ár ngnó-na. Dubhairt sé, leis, ná raibh de mhoill ach an Taoiseach Dejean a theacht, atá i gceannas airm an Tuaiscirt, chun gnóthaí mileata a shocrú leis agus go mbeadh a n-aigne socair ag an Rialtas i gcionn lae nó dhó. Idir dhá linn d'iarr sé orainn dul chun Van Castacle, Uachtarán na Cómhdhála, agus dheineamar amhlaidh. D'fháiltigh Van Castacle rómhainn, dar ndóigh, go lághach, agus dubhairt dá mbeadh aon cheist ag an Rialtas le cur fé n-ár mbrághaid go gcuirfeadh sé scéala d'ár n-iarraidh ; leis sin cheileabhramar do.

Lughnas 22, 23.—Do chaitheamar ár dtriúr bricfeast fara Van Leyden, Rúnaidhe an choiste i gcómhair Gnóthaí Coigcríoch, agus a casadh cheana liom fara Lewines. Do dheineamar cuid mhór cainnte i dtaobh cor na hÉireann, gan aon ní nua ann. Mar ná raibh ann ach freagraí againn-ne ar a chuid ceisteanna súd. Thug sé páipéir Sasanacha ó Iúl 1 go dtí Lughnas 10, dúinn, rud ba mhaith uaidh ; bheireamar chun ár lóistín linn iad agus chuireamar chun a léighte.

Lughnas 24.—Ag obair go dian ar na páipéir. Is é a bhfuaireamar de scéal tábhachtach ionnta, Ruaidhrí Ó Concubhair d'á thabhairt féin ar láimh, agus gur scaoileadh arís é tuairim lár an Iúil ; do scaoileadh Artúr Ó Conchubhair, Iúl a 3, an Gearaltach agus Emmet 'na n-urraithe air, agus dheallróchadh an scéal, bíodh nach ró dheimhnitheach é, gur scaoileadh na príosúnaigh stáit eile go léir, nó beagnach iad go léir, chómh maith. Go leigidh Dia san ! Má shroichimíd-ne ann, déanfaid siad áis, muna sroichimíd, ní bheid d'á snaoidhe i bpríosún, pé scéal é.

Lughnas 25, 26.—Tá an Taoiseach tar éis a phlan a chur fé bhrághaid an Taoisigh Dejean, agus molann san é mar le cúrsa mileata, ar coingheall go mbeadh sé i gcumas na bhfrigéad gabháil timcheall chun bualadh linn. Maidir leis sin, muna gcoiscidh óspairt gan choinne iad, ní bheadh amhras ar bith agam-sa ná go bhféadfaidís, mar go bhfuil an tAimiréal féin, atá 'na fhuairthé ceart i ngach ní bhaineann leis an bhfeachtas, tar éis a thuairim a thabhairt cheana, san iarracht a mhol sé féin an 10adh lá go mb'fhéidir an turas timcheall óthuaidh a dhéanamh, le frigéidí, agus,'na theannta

san, thairg sé go raghadh féin i gceannas an ghnótha. Tá plan an Taoisigh anois fé bhrághaid an Rialtais, fara moladh an Taoisigh Dejean, agus deir sé liom go bhfuil dóchas mór aige go nglacfar leis.

Lughnas 27, 28, 29, 30.—Do ghluais an Taoiseach leis, an 27adh lá, thar n-ais go dtí an Texel, mar ar leanamar-na é, lá ar n-a mháireach. Do shroicheamar ann an 30adh lá.

Meán Fóghmhair, 1797.

Meán Fóghmhair 1.—Toisc socrú nua a luaidh an Taoiseach liom indiu, agus nárbh fholáir a dhéanamh de bhrí an cor atá ar rudaí, is dóigh go mbeidh orm-sa dul go cinncheathrúin airm Shambre et Meuse, agus as san go Paris. Tá cabhlach an Aimiréil Duncan méadaithe anois go dtí n-a haon fichead de luingeas líneagair, ionnus, fiú dá dtagadh an ghaoth i bhfábhar dúinn, go mba díth céille thar fóir dúinn dul i bhfiúntar cómhraic agus a laige thar fóir atáimíd-ne ; agus farais sin féin níl thar lón deich lá ar bórd anois againn i gcómhair na saighdiúirí, de dheascaibh a ndearnadh de mhoill toisc na gaoithe. Níl san bplan atá d'á mholadh anois ach feabhsú ar an gceann deiridh, mar atá : na trúpaí a chur i dtír agus a gcur ar ceathrúin san gcómharsanacht d'fhonn go bhféadtaí iad a bhailiú arís fé chionn dhá lá ; deallramh a chur ar an scéal go rabhthas éirithe as an bhfeachtas, ach gach dícheall a dhéanamh san eadramh chun athlón a chur gan 'fhios san luingeas ; agus fiú iarracht a thabhairt ar long nó dhó bhreise d'fhagháil a cuirfaí i dtreo chun fairrge san am san. Do bhainfeadh an méid sin dínn go dtí tráth an equinox nuair ná beidh i gcumas do'n namhaid fanúint chun na fairrge ; agus go mbeadh, fós, an faireadh ag dul ar failligh e aige b'fhéidir de bhrí na fir a bheith curtha i dtír arís againn. Nuair bheidh gach ní ullamh cuirfar na trúpaí ar bórd thar n-ais um a luaithe agus gluaiseochar de sciúird láithreach go hAlbain, mar innseadh cheana. "*Capot me but it wears a face.*" Sin é atá beartaithe anois againn agus is dóigh go gcuirfeam cruth níos fearr an ball air. Tá an Taoiseach ag trácht ar mise a chur go dtí an Hague chun dul i gcómhairle leis an Rialtas Duitseach is an Taoiseach Dejean, agus as san go Wetzlar, d'fhonn cainnt le Hoche, agus as san arís go Paris chun an scéal a chur fé bhrághaid Aire na Luingseoireachta. "*A very pretty journey indeed, and, besides, where is the money?*" 'Seadh ní fheadar cá bhfaghainn gnó ní b'fhearr chun an mí díomhaointis seo a chur tharm ; agus seo mé, mar sin, i n-ainm Dé, ullamh,

Meán F. 2, 3.—Thug an Taoiseach órdaithe indiu dom dul go dtí an Taoiseach Hoche ag Wetzlar agus cóib a thabhairt do de'n mheamram go bhfuil an plan úd adubhramar ann. Farais sin thug sé teagasc béil mar leanas dom : mar bhreis ar an méid a bhí san bplan scríobhtha,gurbh fhéidir go mba cheart 15,000 eile a chur i dtír de na trúpaí Franncacha, atá ar thuarastal fé láthair ag an Hollainn, agus leis an mbreis sin, d'fhágfadh 30,000 d' arm aca, go bhféadfaidís a ngreim a chongbháil i n-Albain, d'aindeoin aon tslógha a cuirfaí 'na gcoinnibh ; agus b'fhéidir go bhféadfaidís ropadh leo isteach i Sasana féin agus ar an slí sin go mbainfidís géilleadh síothcchána de Shasana. Go bhféadfaí 25,000 a chur i leith an ghnótha san, agus an 5,000 eile a chur go hÉirinn, agus ródheimhin go mbéarfaí cuid mhór de na trúpaí as an tír sin fé thuairim Sasana féin a chosaint. Dá mbeadh an Taoiseach Hoche sásta, san gcás san, ceannas an dá arm cómhaontaithe a ghlacadh, nárbh fhearr leis féin (Daendels) rud de ná dul fé ; muna nglacadh, go mbeadh féin sásta dul fé Thaoiseach Franncach ar bith eile, ar bheith 'na oifigeach sinnseardha dho, agus san gcás san go bhfanfadh gach arm, i ngach ní a bhain le smacht agus le riarachán, ⁊rl, fé n-a gCinnirí féin fá seach. Do luaidh sé Chaumont mar le duine oiriúnach, i gcás go ndiúltóchadh Hoche ceannasaidheacht an fheachtais ; Mac Dómhnaill le bheith i gceannas na bhFranncach, agus é féin dar ndóigh i gceannas na nDuitseach. D'iarr sé leis orm, ach fé dhiscréid mhóir an méid sin, a rádh le Hoche, dá n-aontuigheadh sé leis an bplan go mba cheart do scríobhadh go dtí an Árdchómhairle, 'ghá mholadh dhóibh sin a thathant ar an Rialtas Duitseach gabháil leis ; chuige sin go mba cheart do'n Árdchómhairle leitir a chur go dtí Coiste na nGnóthaí Coigcríoch ag an Hague d'á mealladh is d'á moladh go hárd de bharr a ndearnadar cheana, agus an dícheall mór a chaitheadar leis, agus d'á ngríosadh chun leanúint de'n dúthracht ionmholta chéadna, agus a chur i gcuimhne dhóibh go raibh an Fhrainnc i n-eadarghnóthaitheacht le Sasana, agus, muna mbeadh ar mhaithe le tairbhe a cóimhleacaithe cogaidh, go mbeadh síothcháin fé onóir le fagháil aici féin i gceann na huaire ; go mba threisede a lámh san imirt dá mbeadh buaidh san mbeart so a bhí ceapaithe fachta aici, agus go ndeimhneochadh san di aiseag gach seilbhe d'á mbíodh ag an Hollainn ins na hIndiatha thoir agus tiar ; agus fós, a chur i dtuigsint dóibh gurbh é a ndualgas gach dícheall a dhéanamh i gcabhair do'n Phoblacht le linn di sin bheith 'ghá cur féin i mbaoghal cogaidh, ar a

son súd amháin ; nuair nár ghábhadh dhí ach cúladh uatha chun an tsíothcháin, a bhí ar gach saghas slí ar an uair seo chómh mór san 'na dhíth uirthi féin, a sholáthar. Farais sin d'iarr Daendels orm a chur 'na luighe ar Hoche an riachtanas a bhí le faisnéis ní ba mhó a bheith le fagháil ó Rialtas na Frainnce ; go raibh Rialtas na Poblachta Batáibhighe dall ar cad é ullmhuchán a bhí d'á dhéanamh i mBrest agus i n-áiteanna eile, agus ar cad é cabhair a bhí, nó an mbeadh aon chabhair nó cómhoibriú, le fagháil, agus gur chuir, an daille sin, ní nach iongnadh, mímhisneach ortha agus meathlú ar a saothar. Do bhaineas chun bóthair an lá céadna leis na hórdaithe sin, fara Ó Labhradha agus an Tennantach go raibh beartaithe aca dul de'n ócáid sin go Paris ; Do bhí an Taoiseach 'nár dteannta chómh fada le Alkmaer, mar a bhfuil cómhnaidhe anocht orainn, agus sinn le bheith chun bóthair arís ar a sé ar maidin.

Meán F. 4 go dtí 12.—Do chaitheas na hocht laethe sin ar an mbóthar idir Alkmaer agus Wetzlar. Slí Bhrusell a ghabhas, mar áis dom chomrádaithe gur chuireas san diligence ann iad, le dul go Paris, ar an 8adh lá. I mBrusell iseadh chualamar an chéad ráfla ar chóimhcheilg Phichegru is CHARNOT, agus ar thuitim an Rí-dhreama, Fructidor 18. Nuair d'imigheadar uaim, chuas slí Liège go Juliers, mar ar casadh go hádhmharach orm an *Courrier des armées*, go ndeaghas san gcarráiste taistil leis agus, tar éis turas gan stad de ló ná d'oidhche, shroicheamar cinncheathrúin, go tnáithte traochta ; idir so súd chosain mo thuras ó Bhrusell orm tuairim 150 livre.

XXXI

BÁS HOCHE.

1797—MEÁN FÓGHMHAIR 13 GO HEANÁR 1, 1798.

Breoidhteacht agus bás Hoche. Tone scartha le harm Shambre et Meuse. Thar n-ais i bParis. Cómhráidhte ag Tone is Lewines le Barras, Pléville Lepelley agus Talleyrand. L'armée d'Angleterre do chur ar bun. Droichide ar chabhlach na Hollainne. Cómhráidhte le Buonaparte. Iontaoibh Talleyrand agus Bhuonaparte as Tone.

Meán F. 13.—Do chonnac an Taoiseach Hoche an lá so, é díreach tar éis casadh ó Fhrancfort ; tá sé tar éis taom ródhona slaghdáin a bheith air, agus tá casachtach fós air agus do bheir san mé fé imnidhe mhóir 'na thaobh ; dar leat air féin níl aon eagla chuige air, ach níorbh iongnadh liom féin a chlos, fé chionn ráithe, go raibh an eitinn bháis air. Tá claochlódh uathbhásach air, agus casachtach chruaidh chléibh gur crádh thar fóir le duine é chlos. Go dearbhtha deimhin ba rómhór an méala liom dá mbaineadh aon droichní dho, ach is mór é m'eagla ná cuirfidh sé an taom so dhe.

Do mhínigheas láithreach fáth mo theacht' do, thugas plan Daendels do, agus léarscáil na hAlban agus aon fhaisnéis eile bhí im chumas, i bhfuirm cómhráidh. Níor ghaibh sé leis an mbeartú úd dul arís ar luingeas i mbéal na Cluaidhe, agus dubhairt, dá dtéighimís-ne slán go hAlbain go gcuirfeadh na Sasanaigh láithreach scuadrún frigéidí go dtí an Mhuir Meann agus gur mhaith an dóigh go mba thúisce a shroichfidís ann ná na frigéidí Duitseacha a chaithfeadh gabháil do réir mar bhí ceapaithe, an turas timcheall óthuaidh, agus ná beadh aon chead slí go hEirinn aca d'á bhrí sin. Maidir leis na hoifigigh a bhí ainmnithe ag Daendels dubhairt sé "nár thaoiseach Chaumont ach oiread agus gurbh é féin an buidéal san," agus do dhírigh a mhéar ar cheann a bhí ar an mbord 'na fhianaise ; "maidir le Mac Dómhnaill, gurbh oifigeach maith é ach go raibh fhios aige ná raghadh ann." Dob é mo fhreagradh-sa, maidir leis an dara longghabháil, go rabhas ar aon aigne ar fad leis, agus gur mheasas gur ghnó ná féadfaí a dhéanamh é ; ach, d'á aindeoin sin gur thaithnigh an beartúchán liom, mar le hiarracht i n-agbaidh

Shasana, go ndéanfadh sé ceataighe thar fóir di dá n-éirigheadh leis, agus dá dteipeadh air ná caillfeadh Poblacht na Frainnce fear ná scilling leis agus, d'á bhrí sin, gur ghnó é, dar liom, ba chóir a ghlacadh do láimh, nó ar a luighead, a mheádh go fáithchiallda, mar gur rud é ab fhéidir a chur go mór i bhfeabhas le n-a chabhair sin. Dubhairt sé annsan go ndéanfadh sé an scéal a bhreithniú go cúramach agus go dtiúbhradh fios scéil dom i gceann a trí nó a ceathair de laethe; go dtí sin go gcaithfead déanamh do réir a órdaithe. I ndeireadh an chómhráidh, d'iarr sé orm nóta a scríobhadh i dtaobh na bprímhnithe a thárlaidh ar bórd an chabhlaigh Duitsigh, le linn dom bheith ag an Texel. Leis sin scaramar.

Meán F. 14.—Tá léighte indiu agam cuid mhór aistí i dtaobh na cóimhcheilge deiridh seo lucht an Ríochais; níl aon amhras ann ná go raibh Pichegru agus cuid mhaith eile cionntach ann. Do réir deallraimh, trí bliana ó shin, nuair a bhí i gceannas airm an Réin, bhí sé i gconnradh le Prionnsa Chondé chun Louis XVIII. d'fhógairt 'na rí, agus Paris d'ionnsuidhe; agus muna mbeadh a dhúire agus a cheanntréine a bhí Prionnsa Chondé, a dhiúltuigh d'aon pháirt a bheith ag na hOstraigh san scéal, rud ná géillfeadh Pichegru ann do, d'éireochadh leis an gcóimhcheilg; sé sin le rádh chómh maith agus d'fhéadfadh Pichegru é dhéanamh: mar níl amhras agam ná gur gearr go dtréigfeadh an t-arm é, dála an chuirbthigh úd Dumourier roimhis. Do chuirfeadh sé déistin ar dhuine leis an aicne daonna a leithéid sin d'fhealltóireacht d'á nochtadh féin i bhfear de chéim is de mheon is de cháilidheacht Phichegru. Dá mbeadh éid-eimhne ar bith im aigne i dtaobh a chionntachta, dheimhneochadh forógradh Mhoreau chun an airm dom é, mar a n-abair seisean go dtáinig páipéir ar seilbh chuige a dhein deimhin de'n scéal; páipéir a chuir sé ag triall ar an Árdchómhairle an 17adh lá de Fhructidor, an lá sular gabhadh Pichegru agus na cóimhcheilgigh eile. Is treisede mar fhianaise é, de bhrí gur mhacléighinn agus gur chara le Pichegru Moreau agus go bhfuil ar míomhuinnteardhas fé láthair leis an Árdchómhairle. Maidir le Carnot, duine is mó is iongnadh liom, agus atá tar éis éalódh leis, ní dheimhneochadh aon ní d'á bhfuil foillsithe fós go raibh súd cionntach. Tá beirt de'n Árd-chómhairle, Carnot agus Barthélemi, tuairim seachtmhógha teachtaí, agus an oiread céadna iristeoirí, le díbirt ar órdú an Chorps Legislatif; go Madagascar a cuirfear iad, adeirtar. Tá buaidh ag an bPoblacht do'n chor so; tá súil agam go mbeidh 'fhios aca conus feidhm a bhaint as an mbuaidh sin.

Meán F. 15, 16, 17.—Scannradh an drochbhail sláinte atá ar an Taoiseach, agus gan pioc d'á eagla ar aoinne annso, de dheallramh—eagla mar atá orm-sa, pé scéal é. Dar liom-sa níl fagháil ar bith aige ar mhaireachtaint abhfad leis, má fhanann fara an airm, áit go bhfuil beartaithe aige fanúint ann dar leat air. Maidir le n-a liagh leighis, ní mór é mo mheas ar a oilteacht súd, agus, idir so súd, is mór é m'eagla go gcaillfear é. Ba mhór an méala liom ar iomad fáth, idir phoiblidhe agus phríobháideach, sinn d'á chailliúint. D'á phráinnighe é an gnó a thug annso mé, theip orm caoi d'fhagháil chun labhartha 'na thaobh leis, agus níl 'fhios ach ag Dia an bhfaghad nó cathain a gheobhad, an chaoi sin, agus fara mo ghradam agus mo ghrádh pearsanta féin do, sin rud a mhéaduigheann go mór mo bhuaireamh aigne. Ceathrar grenadóirí d'aistrigh indiu é ó sheomra go 'chéile : mar ní fhéadann siubhal. Is é an scannradh cleithire breágh deallrúil mar é, i mbláth a óige agus a nirt, a bheith chómh trochailte. Téigheann sé go croidhe ionnam. Na hionnsaithe a thug lucht an Ríochais, agus na hiristeóirí a bhí ar fostadh tuarastail aca, fé, deirtar gur ghoilleadar san go mór ar a mhisneach agus gurbh iad, is dóigh, a tharraing chun galair mar seo é. Nach aisteach an rud é, fear a thug aghaidh ar an mbás míle uair, gan eagla, ar pháirc an áir, go gclaonfadh sé fé spídiúchán daoscair cuirbtheach. Do scríobhas indé go dtí an Taoiseach Daendels, ag gabháil leithscéil leis gan scéala bheith agam do agus 'ghá innsint do ná fuaireas caoi labhartha leis an Taoiseach Hoche i dtaobh ár ngnótha, de dheascaibh é bheith breoite agus fós é bheith chómh mórchúraim sin maidir le ceannas dhá arm an Réin agus Shambre et Meuse, maraon leis na gnóthaí deireannacha so i bParis ; agus ag geallúint go scríobhfainn arís i gcionn a trí nó a ceathair de laetheannta, agus 'ghá iarraidh air, go dtí sin, gan staonadh ó'n ullmhúchán do réir mar socruigheadh eadrainn ar bheith ag gluaiseacht dómh-sa ó'n Texel. Ní thugas fios do san leitir sin a bhaoghalaighe, dar liom-sa, bhí an scéal ag an Taoiseach.

Tá ráfla annso go raibh Massaredo agus Jarvis i gcómhrac lasmuich de Chaidiz agus gur buadhadh ar Jarvis. Tá d'fheabhas san scéal nach inchreidthe é, agus dá bhrí sin ní ghéillim-se dho. Is cuimhin liom an cumabhrú a thug Jarvis cheana do na Spáinigh, agus go raibh, mar atá anois, ráflaí mórbhuaidhe ar siubhal ar feadh a seacht nó a hocht de laethe roimh ré. Tá athghairm ar Le Tourneur agus Maret ó Lisle agus tá beirt eile (Treilhard, measaim, agus duine eile) ainmnithe 'na n-ionad. Ní cómhartha é sin, dar liom-sa,

go mbeidh críoch luath ar na headarghnóthaí le Sasana. Is iad Merlin de Douai, Aire Cirt tráth, agus François de Neufchateau, b'Aire Intíre tráth, atá ainmnithe i gcómhair na hÁrdchómhairle i n-ionad Bhartélemi agus Charnot. Níl fear san bhFrainnc is mó díol fuatha ag lucht an Ríochais ná Merlin de Douai, agus cómhartha iseadh a ainmniú san ar iad súd a bheith claoidhte thar fóir. Gach ní i bParis fé shuaimhneas.

Meán F. 18, 19.—Níorbh eagla gan ádhbhar agam é i dtaobh an Taoisigh Hoche. D'éag sé ar a ceathair a chlog ar maidin. Do thaidhsigh dómh-sa go raibh a scamhóga imithe ar fad. Táim-se chómh mór san ar mearbhall agus ar buaireamh ó'n taisme mí-áidh seo nach fios dom m'aigne féin ná cad a thiocfaidh d'á dheascaibh seo. Do scríobhas chun mo mhná agus go dtí an Taoiseach Daendels láithreach. Indé, ar órdú an Taoisigh, agus tar éis labhartha liom-sa, scríobh Simon go dtí Airí na nGnóthaí Iasachta agus na Luingseoireachta, ach ná feadar cad é an toisc.

Meán F. 20, 21.—Ó tá briseadh, de dheascaibh báis an Taoisigh Hoche, ar an gceangal a bhí eadram-sa agus arm Shambre et Meuse, agus gan gnó feasta agam ann, chuireas iarratas uaim indiu go bhfaghainn órdú dul go Paris, ní a fuaireas láithreach ó'n Taoiseach Lefebhre, atá i n-áirdcheannas, *per interim*. Do ghluaisigheas ar a ceathair a chlog gan stad d'oidhche, gur shroicheas Coblentz ar a dódhéag an 21adh lá agus Bonn istoidhche.

Meán F. 22.—Seo chéad lá Vendémiaire, cuimhne lae bunaithe Phobhlachta na Frainnce. Do ghabhas go luath chun mo charad Mr. Ó Séaghdha, go bhfuaireas rómham ag ullmhú i gcómhair na féile é a comórfar ar an ócáid. Ar a dódhéag bhíos ar chomóradh na féile mar a dtug Mr. Ó Séaghdha aitheasc uaidh, ar bheith dho 'na Uachtarán ar an *gCommission Intermédiaire*. Ar a haon, chuas ar an mórshiubhal go dtí an plás mór mar ar dhein Cómhairle an Bhaile Crann na Saoirse a chur, fé chomraighe na Frainnce, agus mar ar fógruigheadh an *République Cis-Rhenane*. Do comóradh an deasgnáth céadna i gCologne, Coblentz agus i gcathracha eile agus is é atáthar a mheabhrú ná Poblacht a dhéanamh de'n dúthaigh idir Mheuse agus Réan, d'fhonn deireadh a chur leis an achrann idir an Fhrainnc agus an Impreacht i dtaobh an límistéara san. Tar éis an chomórtha chaitheas dinnéar go stáidiúil fara an *gCommission Intermédiaire*, agus Cómhairle an Bhaile i mBonn, agus an lucht údaráis oifigiúla, agus d'ólamar iomad de dheocha fé thuairim na dílse agus sláinte a chéile, ⁊rl., ach níorbh é an ró-iomad é, agus

a fhianaise sin ar an dialainn seo atá d'á scríobhadh agam go mórshocair i dtigh an ósta.

Tar éis dinnéir, dubhairt Mr. Ó Seághdha go raibh scéala díreach tar éis teacht chuige, ó údar ab iontaoibh go mór leis, go raibh an chaidhp báis curtha ar an eadarghnó a bhí ar siubhal le Sasana, agus gur fónta an scéal san má's fíor, agus ní dóiche a mhalairt. Do dheineas coinne go raghainn chuige amáireach go doich, chun páipéir áirithe a thaispeáint do, ⁊rl., agus thána abhaile go neimh-meisciúil agus scríobhas chun an Taoisigh Daendels. Do bhíos tar éis a gheallúint, le linn dinnéir, do mhaighre ródheas mná, nach eol dom a hainm ach gur aoibhinn liom a pearsa, go mbuailfinn anocht léi ag *balle* mór an Bhaile, ach fágfad fé dhíombádh í mar dhéanfadh cluanaire feille, agus raghad go hionnraic chun leabthan ; ach mar sin féin tá sí go gleoite agus is blasta uaithi an Fhrainncis Ghearmánach a labhairt, agus ní dóigh liom go bhfuil gráinne mhío-thrócaire 'na corp, agus farais sin, "*à la guerre, comme à la guerre,*" ach máiseadh, caithfead-sa gluaiseacht amáireach, agus mar sin, "*Oh, cruel fate that gave thee to the Moor.*" Rud eile, táim díreach tar éis leitir aoibhinn d'fhagháil óm mhúirnín croidhe, a scríobhadh ráithe ó shin, agus d'fhág beagbeann ar mhná an tsaoghail me ach uirthi féin, agus mar sin, mar adubhart cheana raghad go hionnraic chun suain.

An Tréimhse thug an Taoiseach Tone san Armée d'Angleterre.

DEIREADH FÓGHMHAIR, 1797.

N.B.—*Samhain* 21.—Tá breis agus dhá mhí indiu ó scríobhas aon mheamram ; is náireach an scéal san mar is mó rud tábhachtach a thárlaidh san eadramh. Níl de mhaith im dhialanna ach go scríobhtar ar láthair na huaire iad agus gurab é chuirim ionnta ná na tuairimí is túisce chugam ar gach scéal, ach nuair ná scríobhaim go ceann abhfad 'na dhiaidh sin—ach seo aiste d'á cheapadh agam ar an nós chun dialann a scríobhadh, i n-ionad aire thabhairt dom ghnó. Seo mé, mar sin, d'iarraidh snátha mo scéil a thabhairt chun mo chuimhne.

Deireadh F. 1.—Nó fé'n dtuairim sin, shroicheas Paris, agus chuir sé áthas ar mo chroidhe mo bhean agus mo bháibíní beaga d'fhagháil fé mhisneach agus fé shláinte ; chuas chun Lewines atá fé áirdmheas annso ag gach n-aon ; ní mór ná go bhfuil gr[illegible] dam Taidhleora ó Eirinn aige uatha, agus is áthas croidhe liom é mar is mór é mo

mhuinghin as a ionnraiceas is a thallanna. Tá aige na *entrées libres* chun Barras, Pléville Lepelly, Aire na Luingseoireachta, agus Talleyrand Perigord, Aire na nGnóthaí Coigcríoch, duine a chonnac i bhPhiladelphia, nuair a bhíomar araon ar díbirt. I gcionn lae nó dhó chuamar araon go hAire na Luingseoireachta chun a iarraidh air leitir aitheantais go dtí Barras a thabhairt dom, ach ní fhéadfaimís a chur 'na luighe air ná gurbh é theastuigh uainn go ndéanfaí mise a bhreith go fuirmeanta i láthair na hÁrdchómhairle i riocht toscaire ó náisiún iasachta éigin. Thugas-sa daoi dúr im aigne féin air. Ó dhiúltuigh súd bheartuigheamar ar dhul sinn féin chun an Luxembourg, agus dheineamar amhlaidh, cúpla tráthnóna nó trí 'na dhiaidh sin. Do bhí Barras ann rómhainn agus éisteacht d'á thabhairt aige go fábharúil do Mhadame Tallien, go ndeaghaidh léi go dtí seomra laistigh, mar ar leanadar de ghnóthaí ró thábhachtacha, is deimhin, ar feadh tuairim leathuaire. Ar chasadh dho, chuamar 'na láthair go dtugas an mheamram do a chuir an Taoiseach Daendels ar mo chúram, agus thugas fios go mionchruinn iomlán do i dtaobh gach ní d'ár theagaisc an Taoiseach Daendels dom 'na chainnt bhéil. D'éist go haireach agus dubhairt am fhreagairt, go raibh coinne aige leis an Taoiseach Debelle, deartháír an Taoisigh Hoche ó chleamhnas, do theacht do'n chathair aon lá,go raibh ár ngnó-na idir lámha aige sin, agus ar theacht do go mba cheart dom dul chuige. Tar éis beagán cainnte idir é agus Lewines, d'imigheamar. Deir Lewines liom go dtug Barras a bhriathar ann má fhéadann an Árdchómhairle síothcháin ar leith a dhéanamh leis an Impire ná staonfaid ó Shasana choidhche nó go ngéilltar ár saoirse dhúinn-ne. Is mór an bheart uatha-san an méid sin.

Deireadh F. 5.—Nó fé'n tuairim sin. Tháinig an Taoiseach Debelle agus chuas láithreach ag triall air, fé mar órduigh Barras. Tar éis ar órduigheadh dom a innsint do d'iarr sé orm é scríobhadh, rud a dheineas go dtugas do é lá nó dhó 'na dhiaidh sin. Ní fada 'na dhiaidh sin gur innis sé dhomh i gcoitchinne, go raibh beartaithe ag an Árdchómhairle gabháil le n-ar ngnó-na agus gurbh é ba dhóiche bheadh i gceannas ná Simon, Taoiseach Conganta airm Shambre et Meuse agus a bhí cheana, agus an céim céadna aige, 'nár dteannta ar an bhfeachtas go Cuan Bheanntraighe. Ba léir dómh-sa ar Dhebelle nárbh eol ar aon chor do aigne an Rialtais ; d'á aindeoin sin, ámh, ghlacas an t-eolas go buidheach uaidh, agus dubhart leis, agus, go deimhin, b'fhíor dom é, go raibh meas an-

mhór agam air Shimon, agus má bhí beartaithe aca dul chun cinn le feachtas beag ná hiarrfainn Taoiseach ab fhearr liom ná é 'na cheann. Do ghluais Debelle leis chun an airm lá nó dhó 'na dhiaidh sin agus ní fheaca-sa ó shin é.

Ó ba mhithid dom feasta cuimhneamh ar mo ghnóthaí féin, d'iarras ar an Taoiseach Hédouville, ab aithnid dom i Rennes agus i mBrest, agus tá díreach tar éis a ainmnithe le bheith i gceannas St. Domingo, d'iarras air órdú d'fhagháil dom fanúint i bParis d'fhonn leanúint de'n ghnó a chuir na Taoisigh Hoche agus Daendels ar mo chúram, agus chun riaráiste mo chuid fagháltais atá ag dul dom a bhaint amach. Do ghaibh an Taoiseach Hédouville an gnó san a dhéanamh dom chómh cineálta san air féin, ná dearmhadfad go bráth é. D'éaghmais labhairt le Barras, bheir sé leis go dtí an Luxembourg mé agus do chuir i n-aithne do La Reveillière Lepaux mé, agus thug moladh mór orm 'na láthair. Do chuir La Reveillière spéis ionnam agus d'iarr orm m'athchuinghe a chur i scríbhinn, agus deimhniúchán d'fhagháil air ó na hAirí cogaidh agus Gnóthaí Coigcríoch. D'á bhrí sin, ar theacht—

Deireadh F. 15.—Chuir an Taoiseach Hédouville i n-aithne mé do Thalleyrand Perigord, agus chuir súd a ainm láithreach lem mheamram ; agus, an lá céadna, do chuir mé i n-aithne do Scherer, an tAire Cogaidh, agus do chuir mo mheamram fé n-a bhrághaid. Do thóg Scherer é agus do gheall go ndéanfadh deifir leis ach ó shin go dtí so (.i. Samhain 21) níor bhac sé thairis é. Is é fáth na moille sin, measaim, ná toisc go mbínn-se ar dhream an Taoisigh Hoche, agus gur fuath le Scherer a chuimhne sin, agus, fós toisc gur thag-ruigheas le móirmheas do súd im mheamram. Má's amhlaidh é is suarach go léir an bheart ag Scherer é, ach ní fhágfar an scéal mar sin aige.

Tá an tsíothcháin déanta fé dheireadh leis an Impire agus níl anois san treis ach Sasana. Ní haon ní dhómh-sa, le ceart a rádh, coingheallacha na síothchána san, níl d'aidhm ná de mhian agam-sa ach tíorántacht Shasana a leagadh ar lár. Ach is mór an sásamh dom a fheicsint ná fuil aon ní i n-easnamh ortha, measaim, ba mhian le haon duine réasúnta a iarraidh. Tá aithne tugtha do'n Phoblacht Cis-Alpach agus is é, dar liom, an Réan is teora feasta linn. Tá an Bheinéis ag dul do'n Impire, scéal nach maith, dá mbeadh leigheas air, ach ní fhéadfam gach ní d'fhagháil. B'é an Taoiseach Berthier an teachtaire thug an scéal mór san leis. Lámhach gunnaí tréan, teinte cnámh, soillsiúcháin—lá mórghlóire i bParis é.

An lá tar éis fógartha na síothchána chonnac *arrété* ó'n Árd-chómhairle, 'ghá órdú arm a chur ar bun d'á ngairmfar *L'armée d'Angleterre;* agus ag ceapadh Bhuonaparte i gceannas air. Thar barr. Deallruigheann san iad a bheith dáiríribh. Tá órdaithe do'n Taoiseach Desaix, atá ar Arm an Réin, é siúd a thuill an t-árdchlú dho féin ag cosaint Kehl i n-aghaidh an Phrionnsa Séarlas san slógadh deiridh, tá órdaithe dho bheith i bhfeidhil cóirithe an airm sin go dtagaidh Buonaparte. Is mór na scéalta iad.

Is aisteach an ní dhom nár chuireas síos 'na ionad chóir i dtaobh scéal an chatha mhóiriomrádha, a tugadh an 11adh lá de Dheireadh Fóghmhair, idir chabhlach Shasana, fé'n Aimiréal Duncan, agus na Duitsigh, fé cheannas Dhewinter. Cómhartha é nár mhór rudaí a scríobhadh le linn na huaire. Ní fhuairtheas buaidh riamh ba chóimhiomláine ná mar fuair na Sasanaigh. Bhí an dá chabhlach ar chómhuimhir long ach ba thruime fé ghunnaí agus fé mhiotal na Sasanaigh. Ba chuma nó leomhan Dewinter san troid go deireadh na scríbe; ach fé dheireadh b'éigean do stríocadh agus naoi gcinn 'na theannta de'n chabhlach sédéag a bhí aige. Do bhí farais, na hAimiréil Reyntzies, a cailleadh ó shin, agus Meurer. Do baineadh an ghéag dheas de Bhloys, agus ní dheaghaidh slán ach Story. Níor gabhadh an bheirt deiridh sin. Ní fhéadaim a thuigsint cad fáth gur chuir an Rialtas Duitseach a gcabhlach amach an tráth san 'bhliain, gan chúis gan adhbhar go bhfios dómh-sa. Is é mo thuairim gur feall cruthanta é, agus gurab amhlaidh a díoladh an cabhlach le Pitt, agus sin é an tuairim leis, atá ag Barras, Pléville Lepelley, agus fiú ag Meyer féin, an Taidhleoir Duitseach gur bhuaileas leis uair nó dhó. Ba mhaith an bhail orm ná rabhas ar bórd an *Vryheid.* Dá mbeinn dob aindeis an gnó é. Ceapaim ná fuil i ndán dom na Sasanaigh dom ghabháil ar muir, mar sin é an dara huair a éaluigheas uatha, agus táim beagbheann i dtír ortha.

Samhain, 1797.

Samhain 1, 2, 3.—Tháinig mo dheartháir Maitiú chugam ó Hamburgh áit a bhain sé amach mí ó shin. Is mór an sásamh dom san agus tá súil agam gur i dtráth atá sé tagaithe le dul ar an bhfeachtas.

Samhain 4, 5, 6, 7, 8, 9.—Do bheir an Taoiseach Hédouville mé indiu leis go dtí an Taoiseach Berthier gur chuir mé i n-aithne agus gur mhol mé go dúthrachtach do. Ní mór an cómhrádh a dheineamar, ach do gheall go labharfadh leis an Taoiseach Buonaparte im

thaobh, óir tá sé ag dul ag triall air i gcionn a trí nó a ceathair de laethe. Dhá lá 'na dhiaidh sin, thána arís, agus d'fhágas scríbhinn tuairim, cúig líne aige i gcómhair Bhuonaparte, am thairgsint féin do, ⁊rl. Scéal aisteach é mise bheith ag scríobhadh chun Buonaparte.

Samhain 20.—Do thionnlaic an Taoiseach Hédouville indé mé chun Desaix, a tháinig le beagán laethe. Ní éileochainn fáilte ní b'fhearr a bheith rómham ; cheistigh sé go maith mé i dtaobh áiteanna i nÉirinn, dromchla na tíre, an fhagháil a bheadh ar lón bidh. D'innseas do mar ab fhearr fhéadas. Dubhairt sé liom nach aige féin go díreach a bhí na hoifigigh a bheadh san arm i gcómhair Shasana a ainmniú, ach nár ghábhadh dhom bheith imnidheach, mar nár bhaoghal ná go mbeinn-se ortha. Dob é a rádh ar scaradh dhúinn : "*Laissez moi faire, nous arrangerons tout cela.*" Mar sin b'fhéidir go dtiúbhrainn iarracht eile fé Sheán Bhuidhe sula bhfaghad bás. A fhios do Dhia mar a thaithneochadh liom. Taithnigheann Desaix liom chómh maith le haoinne d'á *chonfrères* d'ár casadh fós orm, nó b'fhéidir níos fearr. Tá sé luaithfhírinneach dáiríribh 'na mheon dála an tsaighdiúra, agus gurab 'in tuar gach maitheasa, dar liom-sa.

Samhain 21, 22, 23, 24, 25.—An lá so thug Lewines, Ó Labhradha, Tennant, Orr, Taoiling, agus mé féin, thugamar dinnéar suaithinseach ag tigh Mhéots do na Taoisigh Desaix, Hédouville, Watrin, Mermet, Dufalga, agus duine nó dhó d'á *n-aides-de-camp*. Thugamar cuireadh do Watrin agus do Mhermet toisc gur cháirde do'n Taoiseach Hoche iad agus go rabhadar ar bórd le linn feachtais na bliana anuiridh. Sáirdhinnéar ab eadh é agus chuaidh gach ní ar fheabhas chun cinn ; bhí macsamhail de dhaingean Kehl i gcómhair an iarmbéile againn i n-onóir do Dhesaix.

Samhain 26, 27, 28, 29.—Fuaireas riaráistí cheithre mí indiu, agus mar sin táim ar mo thoil maidir le hairgead—2,330 livre.

Mí na Nodlag 1 *go dtí* 10.—Lá móirfhéile é seo, lá glacaithe leis an gconnradh a deineadh leis an Impire. Buonaparte féin a thug leis i láthair na hÁrdchómhairle é. Do bhí sé thar barr, agus is mór mar thaithnigh óráid Bharras, an tUachtarán liom, mar bhí innti intinn diongbhálta namhdais do Shasana. Fé mar fhéadaim-se a bhrath, tá gach dream san bhFrainnc ar an aon intinn sin.

Mí na Nodlag 11, 12.—Do chuas indiu fara Lewines, go dtí an Taoiseach Desaix agus thugas do léarscáil an Táiliúraigh d'Eirinn. Deir sé liom gan aon mhearbhall a bheith orm ná go leanfaidh an Fhrainnc de'n ghreim atá aici ar Shasana nó go leagfaid ar lár í ;

gurab é a mian é agus a mbuac (buac na Frainnce uile, agus na hÉireann chómh maith); go raibh an chóir anois ag an Rialtas, cóir mhóirnirt, go mórmór airgead, agus go gcaithfidís gach cóir aca leis an gcuspóir mhór san; tagadh sé um a luaithe nó um a dheireannaighe, bhí an bhuaidh i ndán dóibh. Le linn cómhrádh nó dhó le Lewines le tamall bhí Barras chómh himeartha dian agus bhí Desaix san gcainnt liom féin.

Mí na Nodlag 13.—Do chuir Talleyrand Perigord fios ar Lewines ar maidin, chun a innsint do go raibh an Árdchómhairle láinbheartaithe ar ár ngnó-na; go rabhadar ar cómhairle chinnte i dtaobh gach socraithe, go mbeadh gach ní ullamh fé Aibreán, fé chionn cheithre mí. Tá gach scéal ar fheabhas.

Mí na Nodlag 14, 15, 16, 17.—Do chuas fara Lewines chun Desaix agus thugas leitir do ó'n Taoiseach Daendels. Thug Desaix arís uaidh an deimhniú a fuairtheas ó Thalleyrand ar an 15adh lá, agus d'innis fós dúinn go raibh Buonaparte agus an Árdchómhairle fé láthair ag obair ar athchóiriú na luingseoireachta, agus an airgid, agus, nuair a bheadh san i dtreo, nárbh aon duadh taobh an airm de'n scéal a shocrú. Ar deireadh thiar dubhairt sé gan bheith fé bhuaireamh mar go raibh gach gnó ag dul chun cinn chómh maith agus ba mhian linn féin é.

Mí na Nodlag 18, 19, 20, 21.—Thug an Taoiseach Desaix mé féin agus Lewines ar maidin leis agus do chuir i n-aithne do Bhuonaparte sinn 'na thigh san Rue Chantereine. Saoghal gan suaithinseacht ar bith a chaitheann sé, tigh beag aige, ach é néata, agus an troscán agus na hórnáidí uile ar an bhfíorchruth clasacach. Tuairim cúig troighthe sé n-órdlacha ar aoirde atá sé, é go deighdhéanaimh, ach é cromtha cuid mhaith; deallramh deich mbliana níos sine ná a aois air toisc an callshaoth a rug air san gcathshlógadh síoroirdhearc úd san Iodáil. Aghaidh fir mhórmhachtnaimh atá air, ach níl aon tuairisc innti ar an díoghrais dearmhair ná an sírdhícheall gan staonadh a bheir an cháil go léir do. Is mó, dar liom-sa, d'aghaidh duine le matamaitice atá air ná d'aghaidh Taoisigh. Tá súil bhreágh 'na cheann agus daingne mhórtimcheall an bhéil aige; guth íseal doimhinghlóir aige. Ní beag san d'á mheon agus d'á chruth. Ní mór an chainnt a dheineamar leis, agus an beagán san féin is idir é féin agus Lewines a thárlaidh, mar scaoileas a *phas* leis sin, ar bheith dho i riocht Taidhleora againn. Dubhramar leis go raibh an Tennantach ar tí gluaiseacht go hÉirinn agus go raibh réidh chun órdaithe uaidh féin a bhreith leis má bhí a leithéidí aige le tabh-

airt uaidh. D'iarr sé orainn é thabhairt chuige, is d'imigheamar. Thánamar arís tráthnóna leis an Tennantach, agus dhein Lewines cuid mhaith cainnte leis ; 'sé sin le rádh thug Lewines cuid mhaith eolais do ar chúrsaí i nÉirinn, agus gur mór aineolach 'na taobh é dar leat ; cuir i gcás ceapann sé go daingean ná fuil thar dhá mhilliún daoine i nÉirinn, rud ná fuil éifeacht leis. Ag éisteacht a bhí Buonaparte, é ar bheagán cainnte. Nuair a bhí deireadh leis an méid sin, d'iarr sé ná himeochadh an Tennantach go ceann roinnt laethe, agus ar chasadh annsan do chugam-sa d'fhiafruigh nárbh Thaoiseach Conganta mé. Dubhart gurbh eadh, go raibh de ghradam agam bheith fara an Taoiseach Hoche agus an céim sin agam. D'fhiafruigh annsan díom cár fhoghlmuigheas an Fhrainncis. Dob é mo fhreagradh-sa gur ó thána go dtí an Fhrainnc fiche mí ó shin a fhoghlmuigheas a raibh agam di. D'iarr sé annsan orainn teacht arís tráthnóna an lae umanathar, ar an uair gcéadna, agus leis sin cheileabhramar do. Maidir lem chuid Frainncise, ní heol dom ciaca é m'aitheasc solusta nó mo thútacht ráidhte a thug sé fé ndeara, agus ó ná bacfad a fhiafraighe choidhche beidh sé 'na stair amhrais d'á hiniúchadh ag saoithe na gcian le teacht.

Mí na Nodlag 22.—Deighscéal indiu. Tá lucht ceannaigh Pharis tar éis díleagra iomráidhteach a thíodhlacadh do'n Árdchómhairle 'ghá ngríosadh chun cogaidh le Sasana, agus (rud a bheir fianaise ar iad a bheith dáiriribh) 'ghá thairgsint airgead a sholáthar dóibh chun an ghnótha san. Do bhí, dar ndóigh, fáilte agus ómós ag an Árdchómhairle dhóibh agus thugadar freagradh sáirbhriathrach ortha ; agus chuireadar an díleagra agus an freagradh láithreach i láthair an dá Chómhairle mar ar fáiltigheadh rómpa le scleondar agus le mórshásamh. Tá tábhacht mór san rud so, measaim-se ; ní har son an airgid é (25,000,000 livre fé mar thuigim) bíodh gur áis mhór é sin anois díreach, ach ar son an aigne thug ortha an iasacht a thabhairt uatha, agus go mórmór an iontaoibh atá, de dheallramh, ag an lucht airgid (dream tuigseanach i gcúrsaí d'á sórt) as an Rialtas. Níl amhras agam, maidir leis an taobh san de'n scéal, ná go raghaidh san i bhfeidhm go maith ar aigne lucht tuigseana i Sasana. Cuirfidh sé i n-úil dóibh go bhfuil *assiette* nó *aplomb* glactha feasta ag an bPoblacht is an Árdchómhairle a dhéanfaidh ceataighe beag do Sheán Bhuidhe le linn allagair feasta leis an Náisiún Mór, fé mar tá tugtha ag na Franncaigh le déannaighe, agus ní gan fáth é, ortha féin. Siúd é gan amhras an t-airgead d'ár thagair Desaix an lá fé dheireadh.

Mí na Nodlag 23.—Do chuas um thráthnóna, do réir coinne chun Buonaparte, fara'n Tennantach agus Lewines. Cúig nóimeataí bhíomar ann. Thug Lewines do cóibeanna de na meamraim a thugas féin do'n Rialtas i mí Feabhra, 1796 (dhá bhliain ó shin, beagnach). Ar ádhmharaighe an domhain, níl aon ní le tábhacht ionnta nár fíoradh go maith le gach rud d'á dtárlaidh i nÉirinn ó shin. Thug sé, leis, do léarscáil an Táiliúraigh agus do thaispeáin leathdosaon leitir le Hoche. Do léigh Buonaparte iad san. D'iarr sé annsan orainn filleadh i gcionn dhá lá nó trí agus aon phár d'á raibh againn i dtaobh na hÉireann a bhreith chuige agus idir dhá linn nár cheart do'n Tennantach imeacht. D'imigheamar annsan uaidh. Tá fuaire 'na mheon agus é ar bheagán cainnte; níl sé, ámh, chómh tur le Hoche, agus ba dhóigh leat air gur tuirse is mó is trúig d'á fhuaire. Do bhí sé an-lághach linn, ámh, ach, ar a bhfuil feicithe ná cloiste againn uaidh go dtí so, ní fhéadfaimís tuar uilc ná maitheasa a dhéanamh de. Tá anois fear mór na hEorpa feicithe fé thrí againn, agus is iongnadh liom a luighead atá agam d'á chur síos 'na thaobh. Is deimhin gur scríobhas a dheich n-oirid ar mo chéad agallamh le Charles De la Croix, ach bhíos im thuatach an uair sin. Tá taithighe beag anois agam ar dhaoine móra, ar fheara móra stáit agus ar thaoisigh mhórchlú, agus tá maolú beag d'á bhrí sin tagaithe ar mo mheas ortha. Tar éis an tsaoghail, ámh, is ait an scéal é mé do chur aithne ar Bhuonaparte. Bliain gus an tráth so, thána go Brest, tar éis an fheachtais go Cuan Bheanntraighe. 'Seadh, ar an treas iarracht iseadh bhíonn an rath, deirtar. Is é 'chéad iarracht eile thabharfad, dom dhóigh, ná fara'n *Armée d'Angleterre*. *Allons! Vive la République!* Is beag meamram a scríobhaim anois. Is tubaisteach san; ach ní bhíonn aon ní agam a scríobhfainn.

Eanár, 1798.

Eanár 1.—Guidhim miasmaí na Nodlag agus na Nuabhliana dhom féin. Fuaireas leitir óm dheirfír agus tuairisc aici dhom go bhfuair m' athair fé dheireadh leitir óm dhearthháir Liam. Ní fhuaireas-sa aon scéala air ó'n mbliain 1794; maireann sé go láidir, agus é ar seirbhís ag an Mahrata, agus tuarastal flaithiúil £750 san mbliain do. Sin a raibh de nuacht aici dhom, ná aici féin le tabhairt is dóigh. Is cráidhte an scéal é nár chuireadar a leitir siúd chuici nó cóib di, féin; fiú ní heol dom dáta a scríobhtha. Níl innsint scéil ar an áthas atá orm i dtaobh na nuacht so agus ní lúghaide é

ó thuigim ná fuil sé ar seirbhís Shasana. An fear bocht! 'Seadh b'fhéidir go dteagmhóchaimís fós le 'chéile, mar is léir dom nach dream a cuirfar síos ár líontighe-ne; gan amhras ar bith is neamhchoitchianta an dream sinn agus d'á fhíoradh san féach *stairmo bheathadh agus mo thuairimí*, ar n-a scríobhadh dhom féin. Do scríobhas chun mo dheirféar, 'ghá iarraidh, as ucht a grádh dhom, cóib de leitir Will d'fhagháil agus a chur chugam.

Tá rud nó dhó tuitithe amach le déannaighe a chuir iarracht de shásamh orm féin. Do scríobh Aire na nGnóthaí Coigcríoch go dtí Aire na Póilíneachta 'ghá rádh go mb'fhéidir go mbeadh Pitt ag iarraidh cuid d'á lucht spiaireachta a chur abhfus i riocht Éireannach nAontaithe ar Teicheadh, agus 'ghá rádh leis gan a cheadú d'aoinne aca cómhnaidhe a dhéanamh annso ach an té aca go dtiúbhrainn-se mo shlánadh air. Deimhniú é sin go bhfuil muinghin aca asam. Tá órdú d'á réir tugtha ag Aire na Póilíneachta. Is é 'chéad fheidhm a bhaineas as, cead scaoilte d'iarraidh do bheirt bhuachaillí, dárab ainm Burgess agus Mac Canna, atá fé ghabháil i Liège, agus tá súil agam go bhfuilid scaoilte fé seo. An dara rud, fear óg nach aithnid dom, dárab ainm Mac Cionnaoidh, tá iarratas curtha aige go dtí Buonaparte, agus moladh ó Thallien adeir sé, 'na theannta, chun go gceaptaí 'na Rúnaidhe agus na Theangaire dho é. Tar éis beagán cainnte thug Buonaparte mar fhreagradh dho, teacht chugam-sa agus go dtiúbhrainn-se tuairisc do-san, do Bhuonaparte, 'na thaobh. Scéal fónta san. Ní fheaca an Taoiseach ó shin ach is dóigh go bhfeicfead fé bheagán laethe.

2 E

XXXII.

GNÓTHAÍ I bPARIS SAN EARRACH, 1798.

1798—EANÁR 2 GO MÁRTA 20.

Cómhráidhtí eile le Buonaparte. Athrú ar lucht rialacháin san Hollainn. Tuairimí Tone ar scéal buinreachta do'n Hollainn. Lucht deoraidheachta agus teichte ó Éirinn i bParis. Cóimhcheilg i n-aghaidh Tone is Lewines. Míosházamh Tone le Tandy agus le Muir. Buonaparte agus na hIacoibínigh. Aithríoghadh agus deoraidheacht an Phápa. Drochaigne Tone do'n Phápa. Míosházamh Tone le hóráid a thug Tighearna Muighe Rátha i dTigh na dTighearnaí i nÉirinn. Tagarthaí ag Tone ar óráid an Tighearna Mac Giobún. Scéal ar ghabháil Artúir Uí Chonchubhair agus daoine eile, i Margate Shasana.

Eanár 2 go 6.—Do chuas indiu chun mo sheancharad an Taoiseach Ó Cléirigh atá fé dheireadh tagaithe ar ais go Paris; toisc a dhlúthbhaint le Carnot tá sé ar dífhostadh agus is truagh croidhe liom san, mar is mór é mo mheas air. Tá sé, ámh, go mór le Buonaparte, agus deir sé gur labhair sé im thaobh-sa leis, am mholadh go hárd, agus táim buidheach d'á chionn san de. D'fhiafruigh Buonaparte de, fara ceisteanna eile, ciarbh é ba mhó b'iontaoibh leis i gcúrsaí na hÉireann, agus b'é freagradh an Chléirigh gur "mise é gan amhras;" Do ghabhas mo bhuidheachas croidhe leis an gCléireach d'á chionn san agus le n-a linn sin léirigheas do an bhrí bhí le toisc Lewines, agus gur mhian liom tús a leigean leis sin ar gach ócáid; thráchtamar a lán ar Hoche agus ar ár bhfeachtas go Cuan Bheanntraighe, ⁊rl., agus scaramar chómh cáirdiúil agus dob fhéidir; bhí áthas orm bualadh leis an gCléireach agus is mór an chailliúint agus an méala é bheith ar dífhostadh.

Eanár 6 *go* 13.—Do chuas chun Buonaparte indiu fara Lewines. Thug san beart do de pháipéirí i dtaobh na hÉireann, agus ortha san bhí mo dhá mheamram ó'n mbliain 1795, agus gur éifeachtach fós mórchuid d'á bhfuil ionnta-san. Tar éis cuid mhaith cómhráidh ag Lewines leis, dheineas-sa tagairt do scéal Mhic Cionnaoidh, atá ag lorg bheith 'na Rúnaidhe. Dubhairt Buonaparte gurbh é a thuairim gur cheap an saoghal go raibh leithchéad Rúnaidhe aige-

sin, nuair ná raibh ach an t-aonduine; b'in, dar ndóigh, deireadh leis an ngnó san; dubhairt sé liom, ámh, fios d'fhagháil, cad do ab fhearr d'oirfeadh an duine úd, agus a innsint do-san. Níorbh é mo dhearmhad gan a chur i n-úil do an fonn a bhí ar na hÉireannaigh Aontaithe a bhí ar teicheadh i bParis bheith páirteach san bhfeachtas, agus an áis a dhéanfaidís d'á dtéightaí i dtír i nÉirinn. Dubhairt sé ná raibh amhras ná go ndéanfaí fostadh ortha go léir agus d' iarr orm liost d'á gcuid ainmneacha a thabhairt do, fé thuairim an ghnótha san. Ar deireadh thiar thagruigheas dom féin, dubhart leis gur innis an Taoiseach Desaix dom go raibh m'ainm ar chlár an *Armée d'Angleterre;* dubhairt sé "go raibh." Dubhart annsan nárbh fhonn liom ar aon chor a rádh go ndéanfainn aon áis do san bhFrainnc ach gur cheapas go ndéanfainn áis do ar an taobh thall d'uisce; nach im fhear mileata a bhíos am thairgsint féin do ar aon chor mar ná raibh eolas ná taithighe mo dhóthain agam chun aon ghnó mar sin a ghlacadh do láimh. "*Mais vous étes brave,*" ar seisean, ag cur isteach orm. Dubhart-sa nuair a thiocfadh an ócáid go bhfionnfaí san; "*Eh bien,*" ar sé, "*cela suffit.*" D'fhágamar slán annsan aige.

Eanár 14 *go* 22.—Tá Fructidor 18 eile tar éis a thárlachtaint san Hollainn, agus tá cuid de'n dream a chonnac-sa ag an Hague ag stiúrú gnóthaí anois fé ghabháil, go speisialta Becker agus Hahn. Is é Hahn a cheap an forógradh a bhítheas le craobhscaoileadh dá dtéigheadh an feachtas chun cinn. Tá ráithe ar a luighead ann ó innis Meyer, Taidhleoir na Hollainne annso, do Lewines agus dom féin go raibh san ag teacht, agus le fírinne níor ghábhtaraighe san bhFrainnc féin é ná san Hollainn. Fiú má ba mhacánta féin é an Rialtas so imithe, agus is mór é m'amhras ann, is dearbh go rabhadar neimhinimheach; a fhianaise sin ar an gcóiriú thugadar ar ghnóthaí luingseoireachta a ndúthaighe, agus go mórmór an tslí 'nar thiomáineadar Dewinter amach, chun íosbairt a dhéanamh air an 11adh lá de Mhí Deireadh Fóghmhair, gan chúis, gan adhbhar, gan ghnó, dárab eol dómh-sa ar thalamh. Tamall ó shin chuir Daendels an Taoiseach Conganta Vischery annso agus leitir aige chugam, 'ghá iarraidh orm é chur i n-aithne do'n Taoiseach Desaix i riocht duine go raibh lánmhuinghin ag Daendels as, rud a dheineas gan cheist ná fiafraighe i dtaobh an tosca a thug é. Do thuigeas ó'n gcómhrádh, ámh, go raibh Rialtas na Frainnce, fé dheireadh, beartaithe ar labhairt go soiléir leis na Duitsigh agus a chur i n-úil nach mór dóibh fuadar níos déine diongbhálta a bheith fútha. Mar

seo adubhairt Desaix: "*Puisque vous ne voulez pas vous faire une constitution, ou vous priera d'en accepter que, et j'espére que vous ne la refuserez pas.*" Ba léir dom, leis, go raibh congnamh na Frainnce, ar chuma, d'á chur ar reic idir an dream atá istigh agus an dream atá ag iarraidh dul isteach san Hollainn, agus thaithnigh liom féin nuair thuigeas gur i bhfuirm cabhrach luingseoireachta a díolfaí ar cómhar. Do gheall an dream atá i n-uachtar anois chúig longa fichead líneagair i gcómhair an iarracht chogaidh so chugainn. Deir Vischery liom go bhfuil san go diongbhálta thar cumas a sholáthair ag Poblacht na nDuitseach; pé scéal é má gheallaid chúig fichead is dóigh go soláthróchaidís ocht gcinn déag nó fiche ceann b'fhéidir; gan aon amhras déanfaidh siad lom deiridh a ndíchill chun é thabhairt i gcrích. Dá mba ná beadh an Rialtas so imithe tar éis íospairt a dhéanamh, pé aca le feall nó le neimhéifeacht é, de chabhlach Dhewinter, do bheadh fé Aibreán so chugainn, cabhlach a sé fichead líneagair ag an Texel, agus bheadh annsan ar na Sasanaigh cabhlach triochad, ar a luighead, do chongbháil san Muir Thuaidh, mar ná raghaidís i bhfiúntar cóimhnirt cabhlaigh, agus nár thréan an congnamh éaghmaise a dhéanfadh san do'n fheachtas so atá beartaithe againn-ne. Sin rud amháin tagaithe de thoradh neimhéifeachta, nó, mar mheasaim-se, de thoradh feille an Rialtais Duitsigh seo imithe. Máiseadh, tá súil agam go bhfuil athrú mór chun feabhasa anois ortha, agus go speisialta, ó tá an Fhrainnc tar éis a ladhar a chur go daingean 'na ngnó, go mbeidh iomchur níos fearr feasta fútha. Ní fhéadfainn ar aon chor bheith milleánach ar na Franncaigh toisc gur chuireadar isteach ortha ar an ócáid seo; mar ó buadhadh an Hollainn leo ba chead dóibh i chaitheamh leis an Zuyderzee. 'Na ionad san d'fhágadar fé na Duitsigh a Rialtas féin a chur ar bun agus a mBuinreacht féin a cheapadh. Tar éis trí mblian beagnach de shaoirse ní mór ná gur mar bhí an chéad mhí atáthar fós aca, an iarracht i gcómhair Buinreachta a cheapadar, dhiúltuigh an pobal, de bhreis mhór, do. Ó tá an scéal mar atá agus, go mórmór, ó tá caingean mar í seo le réidhteach, agus riachtanas chómh géar san le fuinneamh mór saotharach, tá an ceart ag na Franncaigh filleadh thar n-ais agus a chur d'iachaibh ar na Duitsigh gabháil le Buinreacht a ceapfar dóibh, ó's léir, tar éis triail trí mblian, nach tualaing iad, tré uireasbhaidh tallann nó macántachta, chun Buinreacht a cheapadh dhóibh féin. Maidir liom féin de, is truagh liom daoine fheicsint ná féadfadh feidhm a bhaint as caoi chómh

breágh agus a bhí ar fagháil ag na Duitsigh, ach má tá, go mí-ádhmharach, an fhírinne 'na gcoinnibh, caithfead a mhaitheamh arís do na Franncaigh toisc cur isteach ortha; agus, dhéanfainn, measaim, an rud céadna, i gcás mo dhúthaighe féin dá mbaineadh míothapadh dá leithéid di fé'n gcúinse céadna; rud é sin, ámh, nárbh eagal liom choidhche. Ní heol dom cad é an seasamh atá anois ag Daendels ach tá súil agam gur ar fónamh é, mar tá meas agam air agus ba mhéala liom an gradam d'á dhiúltadh dho a thuill a sheirbhís agus a dhúthracht go dtí so dho'n duine. Tá Meyer go láidir ar thaobh an dreama nua agus is eol dom nach mór é a bháidh le Daendels. 'Seadh, scéalaidhe maith an aimsir.

Eanár 23 *go* 31.—Bán.

Feabhra 1.—Tá méadú mór annso ar lucht teichte ó Éirinn. D'éaghmais Lewines, an Tennantach agus Ó Labhradha atá luaidhte cheana agam, tá Taoiling, ó Lios na gCearrbhach, Orr ó Dhoire, Mac Mathghamhna ó Chonntae an Dúin, Mac Canna agus Burgess ó Chonntae Lúghbhaidh, Napper Tandy agus mo dheartháir. Tá fós MacGuidhir ann a chuir Mac Rághnaill uaidh ó Philadelphia, de bhrí na leitre chuireas chuige le Monroe, agus Ashley, Sasanach ba Rúnaidhe tráth do'n Chumann Chóimhfhreagarthais, agus a triaileadh i Lonndain, le hárdtréas, i n-éinfheacht leis an dream a bhí fara Tomás Hardy. Réidhtighimíd go maith le 'chéile, ach amháin Napper Tandy go bhfuil iomchur neamhchóir fé. Do thosnuigh sé roinnt míos ó shin ag cogar ós íseal im choinnibh-se, é féin agus sagart dárab ainm Ó Coigligh, atá imithe leis ó shin ní fios canad; ní fiú dhom cur síos ar chúrsaí na cóimhcheilge suaraighe sin. Is leor a rádh gur ghaibh Tandy air féin na teichmhigh ó Éirinn a ghlaodh chun cruinnithe mar a raibh féin agus an Coigligheach chun coirthe, nach eol dom cad iad, a chur im leith-se agus i leith Lewines. Do dhiúltuigh Lewines dul ann, ach chuas-sa, agus nuair thána do láthair ní raibh duine aca a chuirfeadh aon ní im leith, bíodh gur fhiafruigheas fé thrí "an raibh aon ní ag aoinne le rádh?" De dheascaibh na birte sin níl aon choidreamh ó shin eadram féin agus Tandy, agus tá dulta d'á ghradam, leis, ameasc lucht a chóimhthíorach mar gheall ar a shuaraidheacht; tá an Rialtas annso d'á chiapadh aige, dar liom, le hiarratasí agus le meamraim; deir sé 'na thaobh féin gur seanoifigeach é agus fear mórmhaoine i nÉirinn, do réir mar thuigim ó'n rud adubhairt an Taoiseach Murat liom ag tagairt do dho an oidhche fé dheireadh i dtigh Bhuonaparte. D'fhiafruigh sé dhíom arbh aithnid dom duine dárbh ainm Tandy,

"*un ancien militaire, n'est ce pas.*" Dubhart gurbh aithnid dom é, ach ná féadfainn a rádh gurbh aon " ancien militaire " é, mar ná raibh riamh ach i gcipí na n-óglach i nÉirinn, dream ba ríchosúil le *Garde Nationale* na Frainnce i dtús na Réabhlóide." "*Mais c'est un très riche propriétaire.*" Dubhart-sa gur dhóigh liom go raibh bail mhaith riamh air, agus, d'fhágamar mar sin é. Is léir dom ó'n méid sin conus mar tá sé ag cur gothaí móra annso air féin. Tá mac oidhreachta fachta le déannaighe aige, sé sin Tomás Muir an mhórchlú a tháinig go Paris agus atá tar éis cúpla alt nó trí gan chiall, ag tagairt d' Éireannaigh Aontaithe, a chur i bpáipéirí Pharis, agus d'á ndeascaibh gur socruigheadh, ag cruinniú d' Éireannaigh Aontaithe atá i bParis (ach ná raibh Tandy ann), go raghadh Ó Labhradha, Orr, Lewines agus mé féin go dtí Muir ; agus tar éis buidheachas a ghabháil leis thar cionn a dheighintinne, go n-iarrfaimís d'athchuinghe air gan ár ngnó-na a luadh i n-aon rud ab fhonn leis a fhoillsiú feasta. Do chuamar, d'á réir sin, chuige beagán laethe ó shin, ach, ar a bhfeaca-sa de bhastúin cheanntréana riamh bhuaidh súd ortha. Ní fhéadfainn a thuigsint go raibh oiread mór-is-fiú riamh i n-aon duine. Dubhairt sé go toghail linn go raibh oiread d'eolas ár ndúthaighe aige-sin agus bhí againn-ne agus go ngeobhadh air féin a rádh go raibh sé chómh mór ar muinghin ag na hÉireannaigh Aontaithe agus bhíomar-ne ; ná raibh aon amhras aige ná gur dhaoine creidiúnacha sinn, ach nárbh aithnid do féin sinn ach san riocht san, nuair nár thaispeánamar do aon chómhachtaí ná údarás scríobhtha a dheimhneochadh gur lucht tosca sinn. Gur annamh a dheineadh sé rud ach de thoradh mhachtnaimh, agus nuair a bheadh cinnte ar chómhairle aige ná raibh fagháil athraithe air ; agus, maidir le n-a raibh scríobhtha aige, i dtaobh na nÉireannach nAontaithe, go raibh cead an té ba chreidiúnaighe, dar leis, de'n dream san, duine a fuair agus a thuill lánmhuinghin agus lánghradam uatha, agus nár mhór leis féin, agus gur leor leis, a údarás san mar thaca le gach siollab d'ár scríobh sé. Is dóigh gurab é Tandy an duine seo is creidiúnaighe de'n dream ar fad. Níor chuireamar tuairisc a ainme. Tar éis allagair trí huaire a chluig mar sin bhí orainn imeacht linn *re infectâ* ach go dtugamar rabhadh do Mhr. Muir ná raibh cead ná údarás aige labhairt thar ceann Phobal na hÉireann, agus dá bhfeicimís leithéid na nithe go rabhamar ag gearán 'na dtaobh arís go ndéanfaimís beart ba cheataighe d'á shuaimhneas is d'á chreidiúint: mar ná fulaingeochaimís an pobal a mhasladh a thuille. Do

scaramar mar sin go tur le 'chéile. Is amhlaidh atá ná Muir agus Tandy ag stocaireacht d'á chéile annso ar mhaithe leo féin, ag tabhairt tacaidheacht creidiúna le n-a chéile, agus, má ba cheadmhach a rádh san, ag tarrang billí áise ar a gclú féin. Do chuir an cómhrádh úd an chaidhp báis ar Thandy ameasc a chóimhthíreach annso agus, ar chuma, tá sé séanta ar fad aca. Is maith an díol air é. Ar éigean is fiú na mionrudaí seo a scríobhadh ach ó bheadh, b'fhéidir, ceist i dtaobh an ghnótha ar ball, cheapas nár mhiste iad a chur síos.

Feabhra 2 go 10.—Do bhí Lewines an oidhche fé dheireadh fara Buonaparte, is thárlaidh cómhrádh ar siubhal agus ó'n tuairisc a thug súd dom air measaim gur fiú a chur síos. Ó Fhructidor 18 i leith, is géilliúla, beagán éigin, an Rialtas do na hIacoibínigh ná mar bhíodh, agus roinnt d'á dtreoraithe, daoine triaileadh i Vendome fara Babœuf, táid 'ghá dtaispeáint féin ós árd. An tráthnóna san tháinig duine ó Aire na Póilíneachta ag triall ar an Taoiseach agus do labhair, tréimhse fhada, de ghuth íseal leis, ionnus nár chlos do Lewines cad é bhí d'á rádh, ach is dóigh, ó'n ní tháinig as, gurbh é bhí i gceist, ní foláir, ná tairgsint éigin ó threoraithe an dreama úd: mar go dtug Buonaparte léim teasaidhe go hobann i lár an tseomra isteach, agus ar sé, " Cad tá ó'n dream san ? Tá réabhlóid déanta san bhFrainnc ! Tá réabhlóid déanta san Hollainn ! Tá reabhlóid déanta san Iodáil ! Tá réabhlóid déanta san Eilbhéis ! Beidh réabhlóid déanta go luath san Eoraip uile. Ach ní leor leo-san, de dheallramh, an méid sin. Is eol dómh-sa go maith cad tá uatha ; teastuigheann forlámhas uatha do thriocha nó ceathracha duine de thoradh éirligh ar thrí nó ceathair de mhilliúin daoine ; buinreacht na bliana 1793 atá uatha ach ní bhfaghaid é, *an bás* a gheobhaidh an té éileochaidh é. Níor theip orainn iad a smachtú nuair ná raibh againn ach 1,500 fear, is fusa dhéanfam anois é agus 30,000 againn. 'Sé an buinreacht so anois is rogha linn agus ní bheidh a mhalairt againn, agus tá ár gciall nádúrtha agus ár gcuid bagnaití chun a chosanta. Is eol dom, d' fhonn clú beag éigin tábhachta a tharrang dóibh féin, go bhfuil na daoine seo ag leathadh ráflaí mar 'dheadh go bhfuil easaontas idir an Rialtas agus an Dáil Reachtais. Is bréag san. Ó bunuigheadh an Phoblacht go dtí an lá atá indiu ann ní raibh, riamh, b'fhéidir, tráth ba mhó go raibh aontú chómh hiomlán idir na dreama údaráis agus, rud nach miste a rádh, ó tá de chineáltas ionnta mé féin a luadhadh le bheith tábhachtach san ngnó, go bhfuilim ar aontadh

tuairime agus cómhurrama leis an Rialtas, agus iad-san liom-sa. An té gur eagal leis cúlchainnt is beag orm é. Gach a ndearna-sa ní hi *mboudoir* a dheineas é, agus fágaim fé'n Eoraip agus fé n-a dtiocfaidh fós a mbreith a thabhairt orm. Ní hamhlaidh é! ní háil linn congnamh na ndaoine seo a thugann taoisigh agus treoraithe an phobail ortha féin; ní aithnid dúinn-ne taoisigh ná treoraithe eile ach an chuid a bheir an buinreacht dúinn: an Dáil Reachtais, agus an Árdchómhairle Feidhmiúcháin, agus ní tugtha urraim ná áird uainn ach dóibh-sin. Mar leis an gcuid eile, is maith is eol dúinn conus iad d'ionnramháil, má's gábhadh, agus, maidir liom-sa deirim im thaobh féin, muna mbeadh de rogha agam ach an Ríochas nó a mbeartú súd go raghainn um a luaithe i leith Rí. Ach ní bhacfam le ceachtar aca; an Phoblacht a bheidh againn agus an Buinreacht, agus má leomhaid an dream úd baint leis-sin ní fada an mhoill orainn iad a chur 'na gcómhnaidhe."

B'in é brí a chuid cainnte, do réir mar d'innis Lewines, ach bhí sé lán d'fhuinneamh agus d'éascaidheacht labhraidh. Ó fhocal nó dhó d'á ndubhairt sé, ceapann Lewines nach fada a leanfaidh Sotin, Aire na Póilíneachta, san fheadhmannas 'na bhfuil fé láthair.

Feabhra 11.—Le linn cómhráidh indiu dubhart leis an Taoiseach Ó Cléirigh, go raibh áthas orm nuair chuala scéala an tsosa cómhraic idir Bhuonaparte agus na hOstraigh, mar go raibh an cor a bhí air 'na ádhbhar imnidhe agam. Do dheimhnigh an Cléireach dom go raibh an ceart agam, maidir leis an scéal san; gurbh fhíor go raibh arm Joubert tiomáinte glan amach as an Tírol ag na tuathanaigh, is gan d'airm aca ach mar ba thúisce chuca, go fiú na smachtíní agus na maidí, ag ionnsuidhe na bhFranncach le fraoch buile, ag ruagadh rómpa na dtrúpaí céadna a bhuaidh chómh minic sin ar na saighdiúirí ab fhearr smachtoiliúint leis an Ostair. Gabhann éideimhne mar sin le cródhacht na slógh airm, agus cuirtar fé mhearbhall iad nuair ionnsuightar fé mhódh troda iad nárbh eol dóibh cheana é. Dubhairt sé go raibh na Bheinéisigh ag éirghe *en masse*, go raibh Trieste gabhtha arís, i dtreo go raibh an bealach chun na hIodáile fé mhórbhaoghal. Dá mbuaileadh an chonstaice ba lugha leis an arm bhí sé millte, agus gach céim a raghadh Buonaparte chun cinn is amhlaidh a mhéadóchadh san gach deacair agus dóigh 'na choinnibh. Do thaithnigh liom mo thuairimí d'á ndeimhniú ag an gCléireach. Fear airm é go bhfuil taithighe agus éirim aige, agus, fós, a bhí ar an bhfód, le linn na huaire.

Feabhra 12 *go* 28.—Bán.

Márta 1.—Tá rud tagaithe i gcrích gur beag má's lugha i n-aon chor a thábhacht ná Réabhlóid na Frainnce féin. Tá aithríoghadh déanta ar an bPápa agus é ar deoraidheacht. Tá gach ní a bhaineas leis an scéal mór so 'ghá chur i bhfeidhm ar m'aigne go bhfuil cómhacht ar leith ó Dhia i bhfeidhil gnóthaí na hEorpa ar an nóimeat so, agus ag baint feidhme as gach ní chun an cine daonna a scaoileadh ó dhaorbhroid na bpiseog cráibhtheachta agus na polaitidheachta atá chómh fada san san mullach ortha. Roinnt míos ó shin, ar a chaithréim buaidhe dho, thug Buonaparte cead síothchána, síothcháin fhial féin, do'n Phápa; do sighnigheadh i dTolentino é, agus d'imigh Louis Buonaparte, deartháir do'n Taoiseach, chun na Rómha 'na chéad Thaidhleoir ó'n bPoblacht. Do cheap a lán an uair sin, agus mé féin ortha, gur mhór an botún caoi chómh breágh a scaoileadh le faillighe chun deireadh a chur go bráth le tíorántas an Phápa; ach ó ba riachtanaighe ná gach cás eile, do réir dheallraimh, brúghadh go dian tríd an mbearnain a bhí d'á dhéanamh ar arma na hOstaire, deineadh síothcháin fé mar adubhart le lucht caibinéide na Rómha. Dar le duine nár bheag leis an bPápa an baoghal úd a chur de gan dul i ngleic do'n dara huair leis an bPoblacht, agus go raibh fiú a choimeád beathadh ar ionchaibh Bhuonaparte, d'fhéadfadh é scrios de'n tsaoghal le focal amháin d'á bhéal. Ach, ar mhaithe le nA intinn chéillidhe rómhór féin agus le sonas an chine daonna, agus chun saoirse cathardha agus cráibhtheachta a bhuanchur ar bun, is deallramhach nár fhág Dia splannc céille ná tuigseana ag an bPápa ná ag a lucht cómhairle. Tar éis iarracht gur theip air a thabhairt fé Thaidhleoir na Frainnce a mhealladh le héirghe-amach bréige, bhailigheadar mathshluagh díochoiscithe fé bhun na bhfuinneog ag an bpálás aige, agus laistigh d'á lonntan údaráis; do glaodhadh na gárdaí amach láithreach agus chromadar ar lámhach; siúd amach an Taidhleoir agus na Taoisigh Duphot agus Sherlock agus oifigigh eile 'na theannta, agus éide a oifige féin ar chách díobh, d'fhonn suaimhneas a tharrang ann, dá mb' fhéidir, nó, ar a luighead, chun neodrúlacht láthair tighe an Taidhleora d'fhógairt, áit a bhíonn, i ngach tír, 'na thearmann phribhléide. Stealltar na piléir leo agus leagtar Duphot ar lár; éirigheann arís, bíodh go bhfuil gonta go mór agus le linn do bheith 'na sheasamh le teannta a chlaidhimh, seo chuige corporal agus scaoileann piléar 'na chliabh isteach. Tré mhíorbhuilt chuaidh an Taidhleoir agus a ghasra slán, agus bhaineadar an pálás amach tré bhealach cúil, agus d' fhágadar corp Duphot ar an talamh ag

a naimhde. Do ghoineadar san arís é agus ghabhadar go róbhar-bardha de chlochaibh ann. Do bhí Duphot mí-ádhmharach i gceannas grenadóirí an airm san Iodáil, agus bhí sé le pósadh maidin lae ar n-a mháireach le deirfír céile an Taidhleora. D'fhonn ná beadh aon amhras cia hé b'údar leis an éirleach tugadh luach saothair do'n chaptaen a bhí i gceannas an ghárda agus do'n chorporal a dhein an dúnmharbhadh, agus tugadh céim sergeant do'n dara duine sin. Ach leis sin bhí réim buile agus cuirbtheachta Rialtais sin an Phápa imithe thar fóir. Do ghluais an Taidhleoir agus a líontighe láithreach ó'n Róimh agus thug faisnéis na nithe sin do'n Árdchómhairle. Thugadar-san órdú do'n Taoiseach Berthier príomhchathair sheanda an domhain mhóir d'ionnsuidhe le harm dochlaoidhte na hIodáile. Do bhí seilbh síothchánta na Rómha aige fé chionn beagán laethe agus bhí lucht déanta na míbheart gcuirbthighe úd go deireannach teichte leo féin; níor fhan ann ach an Pápa. Ar theacht do (Bherthier) chruinnigh Pobal na Rómha san gCapitol, do haithríoghadh an Pápa leo agus d'fhógruigheadar saoirse agus neimhspleádhchas dóibh féin, thoghadar rialtas sealadach agus thugadar na seantidil Rómhánacha úd ortha—Consula, Praetóirí agus Ædiligh. Dhá lá 'na dhiaidh sin d'imigh an Pápa ó'n Róim his beirt Aides-de-camp Franncacha'ghá thionnlacan agus ní heol dom cá ndeaghaidh. Sin críoch le réimheas saoghalta na bPápaí tar éis bheith míle bliain ar marthain. Níl im chumas-sa a thómhas cad iad na hathraithe a dhéanfaidh an taisme mhór éagcomparáide seo ar ghléas moralachais agus polaitidheachta na hEorpa, ach ní foláir nó gur mór na hathraithe iad agus gur tábhachtach. Taidhsigheann sé arís eile dhom, gurbh í an chinniúint a ghríosuigh an Rialtas cuirbthighe mí-áidh sin chun an iarracht ró-ainspianta úd a thabhairt le linn do chinnirí uile na hEorpa bheith ag glacadh le riail a chuir an Phoblacht chaithréimeach d'á n-aindeoin ortha; iad gan cáirde, gan cómhthaigh, gan congnamh; gan chúis gan adhbhar agus dóibheart bharbardha mar siúd a dhéanamh ar phearsain oifigigh mhóirmhisnigh, ar árdghradam na Frainnce, agus ar gach ceart dárab dual do náisiúin bhéasmhúinte, is beart é a théigheann díom a thuigsint, beag ná mór, go mórmór i gcúirt a fuair clú le méid a ngliocais, agus le n-a gclisteacht is a n-oilteacht chun cóir a dhéanamh de gach gaoith. Ach is mar sin atá—ní bréag í an fhírinne, agus tá an Pápa anois, go mbíodh coróinte agus ríthe a cheapadh nó a dhíoláithriú ar a thoil aige, tá sé féin anois díoláithrithe gan duadh gan tárrtháil. "*Cad*

é mar atáir tuitthe, a Lusiféir, a Mhic an Éirghe Lae!" Tá iomad de chainnteanna breághtha, ní foláir, ins na Foillsithe d'oirfeadh do'n scéal so maidir leis an "bPéist agus an Bhabalóin," 7rl. *"Of the Pope's ten horns, God bless us, I've knocked off four already."* Tá sé anois 'na Easpog *in partibus*, siúd é 'na dhíth air a mhaoin, a chuid Cairdinéal, a chúirt, a shaidhbhreas, iad uile caillte, agus gan aige ar deireadh ach na heochracha. Is dubhach an scéal é do "Ghiolla Ghiollanraidh Dé." Ach ba scorn liom maslú seanóra le linn a mhí-áidh: *Requiescat in pace.*

Márta 2.—Fuaireas leitir ó'n Taoiseach Daendels d'á iarraidh orm an tEichthighearnach a chur chuige le dul ar thoisc éigin ós íseal. Tá, leis, san leitir teastas fábhrúil ar m'iomchur féin le linn é bheith de'n ádh orm bheith farais san Hollainn, teastas gur mór agam é agus a choimeádfad go haireach. Thugas scéala láithreach do'n Eichtighearnach gluaiseacht fé chionn beagán laethe.

Márta 3.—Do chonnac le déannaighe san bpáipéar, dárab ainm an *Bien Informe*, dhá alt i dtaobh Napper Tandy agus dob fheilmeanta an baosradh bhí ionnta. Taoiseach Éireannach é, adeirid, go ngluaiseochaidh 30,000 Éireannach Aontaithe fé n-a bhrat a luaithe a scaoilfidh le gaoith é, agus brilléis eile do'n tsaghas sin. Uaidh féin go díreach nó go haimhdhíreach a tháinig san, ní foláir, mar is cuimhin liom, tamall ó shin, le linn dinnéir a thug an tEichthighearnach do súd, do Mhadgett agus dom féin, nuair a chuaidh teas an fhíona fé, dubhairt sé go raghadh sé i dtacaidheacht air go n-éireochadh sluagh Yeomen uile na hÉireann 'na theannta féin, gur 30,000 a líon san ar a luighead, díreach an uimhir atá luaidhte thuas. Is dona suarach an obair í seo, stocaireacht ag duine air féin, go mórmór *nuair nach fíor é.*

Márta 4.—Do réir mar chím i *gCourier* an 26adh lae, thairg Tighearna Muighe Rátha, Feabhra 19 seo caithte, i bhFeistigh na dTighearnaí i nÉirinn, rún múscailte mórdhóchais go raibh iarracht de cháineadh ann ar an lámhláidir atá d'á dhéanamh ag Rialtas Shasana san tír sin, agus d'iarraidh réim níos tláithe. Do chuir an óráid a thug sé díombáidh mhór orm, bhí sí i leith a laige, gan innti ach aitheasc bláthmhar agus róbheagán fírinne, d'aindeoin na mílte coir, d'á bharbardhacht, a bheith d'á ndéanamh ar fuaid na tíre, le n-a linn agus le míosa roimhe sin. I saoghal de'n tsaghas so, meathcháirde iseadh leathcháirde. Fear d'á chéim siúd, nár mhiste é an fhírinne a innsint, nó fiú dá mba bhaoghal féin do, agus ná hinneosadh í, is duine lag é, agus ní fiú a chabhair a ghlacadh

Innseadh sé an fhírinne UILE go dána nó fanadh 'na thost. Ní fhéadaim a rádh ach gur ceilt eaglach neimhfhearúil é ar an bhfírinne ba cheart a bheith d'á fógairt ar an ócáid mhóir seo, dá mb'fhéidir, ar fuaid na hEorpa uile, ag gach fear go bhfuil braon d'fhuil fhírinnigh na hÉireann 'na chuisleanna ; ach tá rud d'á éaghmais sin ann, mar atá iarracht mórstraidhne molta ar shobh-áilcí an Rí, agus móradh iomarcach, ainspianta ar mhóirmhéin a Shoillse Ríoghdha, Seoirse, Prionnsa na Breataine, rud a chuir déistin orm. Is deas an tráth é go deimhin chun greas adhmholta thabhairt ar shobháilcí an Rí agus an phrionnsa oidhreachta, le linn d'á airí agus d'á arm bheith ag argain na tíre le dóighteán agus faobhar claidhimh. "*I hate such half-faced fellowships.*" Ar deireadh na hanglaise cainnte sin aige iseadh tharraing an Tighearna a phlan chun tláithínteachta chuige a choiscfidh barbardhacht an airm, a bhuaidhfidh an fhuascailt do na Catoilicigh, agus aithleasú páirliméide. Is é an greann é bheith ag faireadh gach seifte, agus iarrachta, agus lúbtha, agus casta, agus smuilc do bheir an Tighearna uasal air féin d' iarraidh an piollaire searbh deiridh sin a shlugadh. Is olc a éirigheann le hiomchur de'n chinéal san aon uair ach 'sé an díth céille dearg é le linn saoghail de'n tsaghas so. Do chuir an Tighearna olc thar fóir ar dhream amháin, agus ní mó ná sásta atá an dream eile, agus sin mar bhíonn choidhche i ndálaibh dá léithéid. Is méala liom so mar is mór agam an duine ; maidir le polaitidh-eacht, éirighim as, go mórmór ó BA CHEART GURBH EOL DO-SAN A MHALAIRT.

Ach má'sar mhódh leath-um-a-leath a labhrann Tighearna Muighe Rátha, ní raibh, de dheallramh, an Sainsiléir, ar an taobh eile, ar aon chor, chómh cáiréiseach leis ; tugann sé, ós árd, *méirligh* ar na hÉireannaigh Aontaithe, agus go mba cheart córú méirleach a thabhairt ortha ; do luaidh mise as m'ainm, le bheith im Thaoiseach Chonganta i bhfeachtas Hoche, agus fós eile i n-armáil an Texel, agus adeir go bhfuilim, ar an uair seo, im thoscaire le húdarás i bParis ó'n gCumann mallaithe úd go raibh, leis, toscaírí eile uaidh i Lisle, a thug an buille báis d' eadarghnótha Thighearna Mhalmesbury leis na bearta calaoiseacha ifreanda bhí ar siubhal aca. Deineann sé tagartha éagsúla, leis, do leitir seanaithnid d'ár scríobhas-sa chun mo charad an Ruiséallach le linn 1791, leitir atá tugtha fé bhrághaid an Tighe aige, mar seo nó mar siúd, uair gach seisiún ó shin, agus a cuireadh i dtuarasgabháil rúnda Phelham, an seisiún deiridh. Do réir na faisnéise sin, agus a lán eile dár luaidh

sé, tuigtar do gurab é atá ar aigne na nÉireannach nAontaithe ná Éire a scaradh ó'n mBreatain Mhóir agus, d'á bhrí sin, gach beart d'á ndéanfaí chun an chóimhcheilg dalbaidhe sin a scrios, go mba dhleaghthach cóir é ; agus b'in é, leis, tuairim Fheistighe na dTighearnaí, mar diúltuigheadh de bhreis mhóir ghuthanna de thairgsint Thighearna Muighe Rátha. Is ar éigean a cuirfaí im leith measaim mé bheith léithiúil leis an Sainsiléir, ach caithfead a rádh gur mó é mo mheas ar a iomchur súd ar an ócáid úd ná ar Thighearna Mhuighe Rátha. Namhaid ós árd gan cheilt é siúd, pé scéal é ; gabhann le n-a thaobh féin, cuma cad é, agus gan éileamh ar anacal aige agus ná tugann uaidh é ach 'oiread. Dá mbeadh Tighearna Muighe Rátha chómh mór dáiríribh ag ionnsuidhe an Rialtais sin is barbardha fós agus bhí an Sainsiléar 'ghá chosaint, bíodh gur fada uaim a cheapadh go n-athróchadh san breithiúntas Tighe na dTighearnaí, bheadh ar a chumas, pé scéal é, an scannall d'fhógairt do'n Éoraip uile. 'Na ionad san bhí sé seachantach agus leis an tseachaint do mhill é féin : mar deirim arís é, ná fuil ag duine, san tsaghas saoghail uathbháis atá anois ann, ach an fhírinne uile d'fhógairt nó bheith 'na thost. Níl aon tslí eatartha, go mórmór nuair ab fhéidir do, dála Tighearna Muighe Rátha, é dhéanamh gan baoghal do féin. Ach ag tagairt dom charaid Mac Giobúin. Bíodh go raibh sé lán dáiríribh ní dóigh liom gur chríonna an chainnt uaidh é, agus gach ní d'áireamh. Má bhí aon amhras ag muinntir na hÉireann maidir leis na Franncaigh a bheith ar intinn cabhrú leo, níor fhág súd fé amhras feasta iad le n-a ndearnaidh sé de chainnt ar an ngradam atá tugtha annso dá dtoscairí. Na hÉireannaigh Aontaithe, go bhfuil an ghéirleanúint uathmhar le fada d'á fhulang aca, má bhí tláithe ag teacht ar an bhfuadar a bhí fútha, tá d'á mhaitheas súd anois go bhfuil athmhúscailt ar an misneach aca ó léirigh Mac Giobúin dóibh géilleadh chómh mór san a bheith ag an Árdchómhairle annso do theachtaire comónta uatha féin gur sháruigh sé gach tairgsint d'á dtug Airí an Rí fé thuairim síothchána, agus gur tugadh an bóthar do Thaidhleoir an Rí ar chuma nár thaithnigh go rómhaith leis ; a fhaid ar a ghoireacht é, scéith sé ar an rún go bhfuil cóimhfhreagairt ar siubhal idir lucht an tírghrádha nó, mar thugann súd ortha, méirligh na hÉireann, agus Árdchómhairle na Frainnce ; go bhfuil saoirse ár dtíre 'na chuspa aca san araon, agus go rabhadar beartaithe oibriú d'aonbhuidhin nó go mbuaidhtar leo í, agus gur theip, agus go bhfuil fós ag teipeadh, ar dhícheall an Rialtais aon chosc a chur leis an ngnó eaglach san.

Caithfead féin a admháil ná féadfainn géilleadh a thabhairt ann go gcuirfeadh fógairt na nithe sin, ó údar d'á leithéid, aon mhórmhisneach i lucht leanúna Rialtais Shasana, ná aon lagú dóchais i gcroidhe lucht an tírghrádha. Idir so súd ní shamhlóchainn óráid an tSainsiléara le cainnt ó fhear stáit a bheadh tuigseach stuamdha; bíodh sé mar atá, ámhthach, ní dhéanfad faillighe gan é chur fé bhrághaid Bhuonaparte agus Poblachtaidhe nó dhó eile annso, nó slí d'fhagháil chuige sin, agus is fearrde iad, dar liom a bhfuil ann a léigheadh.

Maidir leis an méid adeir sé mar gheall orm féin agus Lewines, mar is dócha gur sinn-ne toscairí an Chumainn mhilltigh sin a luaidh sé, tá an t-eolas cruinn go leor aige, pé áit nó cuma 'na bhfuair sé é; gach a ndubhairt im leith-se, tá go láincheart; agus maidir le Lewines, bíodh go dearbh ná raibh sé i Lisle ag baint n-a gcos go cleasach ó Thighearna Mhalmesbury, admhuighim go raibh ar láindícheall san Luxembourg agus i n-áiteanna nach é, agus tá súil agam nach saothar i n-aistear a bhí ar siubhal aige. Ní heol dúinn go cruinn cad é an géilleadh tugadh d'á chainnt, mar ná fuil fios rún na hÁrdchómhairle againn; ach gan aon mhaoidheamh ní miste dho a rádh gur géilleadh a bheag nó a mhór éigin di, agus má's í fé ndeara go bhfuair Tighearna Mhalmesbury beagthor', fé mar adeir an Sainsiléir, ní miste dho Lewines a mhaoidheamh go bhfuil a dhúthaigh curtha fé chomaoin aige, san ngnó san. Is amhlaidh mar atá go ndearnamar araon ár ndícheall annso ar mhaithe le cúis na saoirse i nÉirinn, ach níl oiread de'n olc ná de'n mhaith déanta againn agus atá ag an nGiobúnach d'á chur 'nár leith, agus, mar shompla, san scéal so do láthair, ní mheasaim im chroidhe féin istigh, gur sinn-ne a ruaig Tighearna Mhalmesbury as an tír—*Allons!*

Márta 5 *go* 20.—Cúis mhór imnidhe agus bróin dom a léigheadh ins na páipéir deireannacha ó Shasanna gur gabhadh Artúr Ó Conchubhair i Margate agus é ag lorg caoi ghluaiste chun na Frainnce. Do réir mar innstar an scéal bhain dásacht agus neimhdheiscréid do a chuir iongnadh orm. Do ghluais sé leis ó Lonndain i dteannta ceathrair eile, mar atá, Ó Coigligh, an sagart úd a bhí tamall ó shin i bParis, agus nár mhaith an díol é meas a bheith agam-sa air; Binns ó'n gCumann Cóimhfhreagarthais; Alley ó'n gCumann céadna; agus seirbhíseach leis dárbh ainm Ó Laoghaire. Thug Ó Coigligh ar dtúis an Captain Jones air féin, agus annsan an Colonel Morris agus i riocht seirbhíseach aige-sin iseadh bhí an

chuid eile. Ag Whitstable iseadh thugadar an chéad iarracht ach gur sháruigh oifigigh an tighe Chostuim annsúd iad, tré n-a áird-eallaighe a bhíodar. D'fhostuigheadar trucaill annsan, bhuaileadar a gcuid trúnc uirthi, bhí go leor díobh san aca de dheallramh, agus siúd leo treasna na tíre de chois cúig míle fichead go Margate. Is deallramhach nach ró mhór a cheileadar cá raibh beartaithe aca dul, ach bíodh san mar atá do gabhadh ag Margate iad le *reathairí* Bhow Street, Fugin agus Rivet, a lean *à la piste* ó Lonndain iad. Do beireadh iad féin is a gcuid bagáiste ar ais go Lonndain, mar ar cuireadh ceistiúchán dhá lá nó trí ortha ós cómhair an Phrivy Council agus fé dheireadh cuireadh go príosún an Túir iad. Ó cuireadh do'n phríosún iad-san tá tuille eile gabhtha, go mórmór daoine dárab ainm Colonel Despard, Mr. Bonham, agus Mr. Evans. Téigheann sé thar tuigsint agam go dtiubhradh cúigear fear an iarracht san, agus oiread san bagáiste aca ; is deacra fós a thuigsint go mbéarfaidís leo na cáipéisí go n-abruigheann na páipéir nuachta go rugadh ar chuid aca, agus go mórmór ceann a bhí i bpóca an chóta mhóir ag Ó Coiglìgh. I riocht díleagra a bhí an páipéar san ó Árdchómhairle Feidhmiúcháin Shasana chun Árdchómhairle na Frainnce, 'ghá iarraidh ar dhream na Frainnce gradam creidiúna thabhairt d'Ó Coiglìgh mar gurbh é "*the worthy citizen whom they had lately seen*" é. Do dhein an chainnt deiridh sin stalcadh dhíom, ní fhéadfainn géilleadh go mbeadh aon duine beo d'fhágfadh páipéar chómh tábhachtach leis sin ar fiarlaoid ainspianta mar siúd. Do réir páipéirí eile, ámh, ní fhuairtheas pár ar bith, ach is mór an suathadh a bhain na cainnteanna san luaidhte thuas asam. Tá sé ráidhte leis go ndubhairt an Conchubhrach nach gábhadh d'á cháirde bheith fé imnidhe mar nach baoghal do. Go leigidh Dia gur amhlaidh atá, ach is mór é m'eagla nach mar sin a bheidh aige. Is é an t-uathbhás é fear d'á chéim, is d'á cháil is d'á thallainn siúd agus greim beirthe ar an gcuma allta dolabhartha seo air. Ní fhéadaim a thuigsint. An aimsir amháin a inneosaidh an bhfuil aon fheillibheart san ngnó. Is léir go raibh fios a n-aigne ag an Rialtas sul ar ghluaisigheadar ar aon chor: mar ghluais oifigigh Bhow Street chómh luath leo féin. Deirtar go dtriailfar i Maidstone iad, go mbeidh na Giúistísí Buller, Heath, agus Lawreance 'na gcoimisiún speisialta ortha agus ceaptar go mbeidh an chéad shuidhe ortha roimh Aibreán 10. Táim ag feitheamh an lae sin fé mhóirimnidhe, agus coinne leis an olc agam, agus míle fáth leis.

XXXIII.

L'ARMÉE D'ANGLETERRE.

1798—MÁRTA 21 GO HAIBREÁN 26.

Scéal ar ghabhdil lucht Choiste na nÉireannach nAontaithe i nÉirinn. Geallúint Mherlin agus Bharras i dtaobh Saoirse na hÉireann. Rouen—an Áirdeaglais annsan. Ráflaí ar Bhuonaparte a bheith ag dul do'n Éigipt. Cainnt ar chur na nIúdaidheach ar ais i bPailistín. Scéala i dtaobh troda i nÉirinn. Cáineadh géar ag Tone ar uaisle gallda na hÉireann.

Márta 21 *go* 24.—Fuaireas indiu órdaithe chun gluaiseacht liom chun na cinncheathrún ag Rouen agus bheith ann ar dhream an État Major go bhfaghad órdú a atharrach. Sin céim amháin tugtha, pé scéal é.

Márta 25.—Fuaireas mo leitreacha fostaidh ó'n Oifig Chogaidh, im Thaoiseach Conganta san Armée d'Angleterre. Is Árdaidhmeannach a ghlór san, gan aon amhras, ach is eol do Dhia an croidhe istigh! D'iarras cead an Aire Chogaidh chun fanúint beagán laethe i bParis chun treo a chur ar mo mhuinntir, agus fuaireas san.

Márta 26.—Do chonnac scéala i bpáipéir Shasanacha dárab dáta Márta 17adh a tógadh as páipéir Éireannacha dárab dáta an 13adh lá, scéala tubaiste agus crádh croidhe, ní dómh-sa amháin ach do'n tír i gcoitchinne. Tá Rialtas Shasana tar éis coiste uile go léir na nÉireannach nAontaithe i gCúige Laighean a ghabháil, agus tá gach duine, beagnach, ortha san ab aithnid domh-sa nó ba mhór agam i mBaile Átha Cliath. Tá ortha Emmet, Mac Cnáimhín, an Dr. Sweetman, an Bondach, agus MacSiachais is a mhac: tá leis barántaisí amuich chun an Tighearna Eadbhard Mac Gearailt, Mac Cormaic, agus Sampson a ghabháil, ach ná rugadh fós ortha-san. Is é go fairsing an buille é is measa a buaileadh fós ar chúis na saoirse i nÉirinn. Ní heol dom an bhfaghthaí ar an dream go léir comhthrom na dúthrachta, agus na héirime, agus na hionnraice a bheidh de dhíth orainn de dheascaibh na tubaiste mí-ádhmharaighe so. Aon ní thárlaidh ó fhágas Éire níor shuaith sé a oiread mé. Is é an t-uathbhás é cuimhneamh air, pé gné dhe do féachfaí. Thar dícheall

an Rialtais a raghaidh nó déanfar ídiú ortha. Nach é an bhuaidh do'n Ghiobúnach ar an uair seo é. Na gabhála so a theacht chómh luath san tar éis gabháil an Chonchubhraigh, bheirid amhras im aigne go bhfuil feall ar siubhal. Ní fhéadfainn fulang le n-a thuille machtnaimh ná scríobhadh dhéanamh ar an scéal uathbhásach san. 'Seadh, má bhíonn sé de chrann ar ár dtír bhoicht fulang le díthiú ar an oiread san de'n chuid is calma, ionnraice d'á clainn, is mairg dhóighte d'á tíoránaigh é má bhainimíd-ne choidhche ceann ár gcúrsa amach. Braithim fraoch nimhe ag méadú im aigne ó uair go 'chéile. Gníomhartha b' uathbhás liom leathbhliain ó shin bhéarfadh m'aigne cead anois dóibh ar scáth an ghábhtair. Níl slí do thláithe feasta ann. Tá an claidheamh nochtaithe ag an Rialtas, agus ní chúlfaid ach ó'n bhfoiréigean nirt—*má shroicheann an neart san choidhche ann*. Ach cá tairbhe an bhagairt. Breithnigh mo bhuaireamh-sa agus Emmet agus an Ruiséallach i bpríosún agus iad i luathbhaoghal báis le fóirneart is tarcaisne. Cad é an díoltas a thabharfadh aon tsásamh dom dá gcaillinn an bheirt sin is mó liom ar domhan uile ? Ach, arís, cá tairbhe an bhagairt. Má deintar iad d'ídiú, agus má shroichim-se Éire fé mar tá coinne agam, ní raghaidh sé i n-aisce le n-a naimhde. Táim ar mearaidhe ar fad o'n mbuille seo—ní fhéadaim scríobhadh le céill.

Márta 27, 28, 29.—Fara an méid cheana tá tuille eile fós fé ghabháil—níl fagháil coisc anois ar an Rialtas.

Márta 30, 31.—Do chuas fara Lewines chun Talleyrand, Aire na nGnóthaí Coigcríoch, chun ceileabhradh dho sula ngluaisighinn chun an airm, agus cuireadh fáilte caoin rómham. Níor leigeas an chaoi tharam gan a innsint do go raibh cúis agam a cheapadh go raibh cóimhcheilg bheag salach ar siubhal annso, mar atá, im choinnibh féin agus Lewines, agus ná raibh d'á iarraidh againn ach nach do réir aon tásc bréagach a mheasfadh sé sinn ach do réir ár n-iomchuir féin, do réir mar ba léir do-san é. Dubhairt sé gan imshníomh a bheith 'na thaobh san orainn ; ná raibh aon drochthuairisc fachta 'nár dtaobh aige, agus dá gcloiseadh féin ná cuirfeadh aon tsuim ann ; go raibh aigne an Rialtais socair ar ár dtaobh-na. Is maith liom san, go mórmór ó tá Lewines agus mé féin cráidhte ciapaithe le tamall ag lucht cogair agus uisce-féthalamh gur scorn liom a luadhadh ar pháipéar. Go bhfios do Dhia dheineamar ár ndícheall chun cách a shásamh, ach ní fhéadfaimís é an fhaid is gur Taoiseach Conganta duine againn, agus go bhfuil fáilte agus géilleadh do'n duine eile ag Rialtas na Frainnce. Dearbh-

aighim gur dóigh liom ná fuil aon choirthe eile le cur 'nár leith, ach, fós, is coirthe ná maithfear dúinn iad. Is fuath liom obair shuarach mar í, agus tá áthas croidhe orm mé bheith ag imeacht go dtí an t-arm, áit ná bead 'na chómhgar. Dá sailighinn páipéar leo d'fhéadfainn scéilíní d'innsint atá inspéiseach go leor ach an spriún-laitheacht thar barr a léirigheann siad ; ach ní dhéanfad ; tagadh bás agus dreoghadh ortha ; beidh fulang aon trialach a dhéanfar air im iomchur-sa, agus is as atá mo mhuinghin. Nuair is eol do dhuine ná fuil náda aige le casadh leis féin is fusade dho fulang le mímhéin daoine eile, agus 'sí an chainnt chéillidhe sin atá d'á chur mar bhuille scuir agam leis an gcaibidil seo.

Aibreán 1, 2.—Do chuaidh Lewines indé ag triall ar Mherlin, atá 'na Uachtarán ar an Árdchómhairle i gcómhair an *Trímestre* seo agus do chuir leitir aitheantais ó Thalleyrand 'na láthair. Do chuir Merlin fáilte caoin roimhis agus d'éist leis. Do bhí Lewines ag tathant air, oiread agus fhéadfadh le deighbhéas, a riachtanaighe bhí sé cabhair a bhrostú um a luaithe chun na hÉireann, go mórmór toisc an ghabháil a deineadh le déannaighe ; agus níor leig an chaoi uaidh gan a chur i n-úil do feabhas agus móirsheirbhís na bhfear go raibh sé ag cur oiread san duaidh air féin, go poiblidhe agus go pearsanta, d'fhonn fógnamh dóibh. Do fhreagair Merlin maidir le tráth agus ionad cabhrach, ná féadfadh a innsint do, gurbh 'in *rún stáit ;* maidir le guais a cháirde, gurbh oth leis oiread san de dhream chalma, ionnraic, thírghrádhach, a bheith i mbaoghal ; ná féadfadh, ámh, aon tuairiscí cruinne a thabhairt uaidh i dtaobh an fheachtais atá beartaithe ach go n-inneosadh an méid seo mar shólás do, "*Ná déanfadh an Fhrainnc síothcháin choidhche le Sasana ar choingheall ar bith fé bhun saoirse na hÉireann.*" Is breágh an scéal é sin. Is dírighe agus is léire é ná aon gheallúint a tugadh fós dúinn. Do ghaibh Lewines buidheachas mar ba chóir agus siúd leis chugam-sa leis an scéal. Pé ní is dóigh leis an gcuid eile d'ár lucht cóimhthíre annso, is í an fhírinne í go bhfuil Lewines ag déanamh a ghnótha annso go cóir agus go maith, agus mar dhéanfadh fear ionnraic. Truagh liom gan prionsabail leath chómh maith ag tuille aca ar mh'aithne.

Aibreán 3.—Tá beartaithe ag Lewines turas a thabhairt do'n Hollainn, nó b'fhéidir go Hamburgh, i mbun gnóthaí leis féin ; tuairim an trátha céadna a ghluaiscochad féin iseadh imeochaidh sé. D'á bhrí sin chuaidh sé indiu go dtí Barras, atá, do réir deall-raimh, ar a lorg le roinnt laethe. Le linn cómhráidh dhóibh thug

Barras do an deimhniú céadna a bhí fachta le cúpla lá roimhis sin ó Mheirlin, " ná déanfadh Rialtas na Frainnce síothcháin choidhche le Sasana nó go mbeadh saoirse na hÉireann ar bun," rud a gheall Barras féin, go deimhin, ar coingheall, sula ndearnadh síothchain leis an Impire. Thárlaidh gur luadhadh m'ainm féin agus labhair Lewines im thaobh do réir a thuairime. Do fhreagair Barras go raibh láineolas ag Rialtas na Frainnce ar dheighthréithe an Taoisigh Chonganta Smith. Tá an méid sin *damned fine*, mar adeireadh Will bocht. 'Seadh ; chífeam a bhfeicfeam.

Ag tagairt do ghnóthaí príobháideacha Lewines. Tá sé ar an Móirthír anois le breis agus cúig mhí dhéag ar a chostas féin, suim £500 ar a luighead caithte aige, agus leis an tréimhse sin níor bhac a chóimhleacaithe san mbaile le feoirling ruadh a chur chuige, agus is chun airgid a sholáthar atá sé ag dul anois do'n Hollainn. Ní thuigim-se conus is féidir do'n dream a chuir annso fé n-a ndeaghmhuinghin agus a n-údarás féin é, oiread san failllighe a thabhairt na ngeallúintí, agus go mórmór nuair a ghaibh Mac Cnáimhín air féin, nuair a bhí sé annso, a ndualgas a chur i gcuimhne dhóibh, agus go seolfaí airgead a dhiongbhála chuige. Is lughaide leithscéal failllighe atá aca de bhrí nach ar bheagán conáigh atá cuid aca súd ach go bhfuil mórshaidhbhreas aca. Mar siúd atá, ámh, agus rud is fearr fós,táthar ag cur i leith Lewines annso, ameasc lucht a chóimhthíre is a chómhdhonais, go dtugann sé faillighe, nó íospairt féin, ar an gcúis phoiblidhe ar mhaithe le n-a thairbhe féin ; agus, dála an scéil, tá sé de ghradam agam-sa, leis, go bhfuil an choir chéadna im leith ; ach maidir leis sin, "*je m'en fiche.*" *Allons.* Is deimhin má tá aon ní a bhainfeadh d'fhuadar duine go mbeadh a aigne beartaithe aige 'nár ngnó-na, is é an saghas ciapadh suarach spriúnlaithe é go bhfuil air siúd agus orm-sa fhulang leis le tamall annso. Níl aon tsaghas *desagrément* nár fhulaingeamar. 'Seadh, is cuma riamh é, imeochaidh san uile agus chífar, ar deireadh thiar, an ndearnaidh gach duine againn, do réir a chumais, barr a dhíchill ar mhaithe le n-a thír. Is deimhin é, ámh, an taithneamh a thugadh saothrú an chuspa mhóir sin cheana dhom gur milleadh go mór le déannaighe é tré n-ar bhain dom mar seo. Ach, arís, nach cuma é : is é mo dhualgas leanúint orm, agus déanfad é pé ní thiocfaidh. Tá súil agam maith éigin a dhéanamh fós agus olc éigin a chosc, agus chím rómham fairsinge mhór gnótha dom dhícheall le n-a shaothrú ar an dá thaobh aca. Pé scéal é déanfad mo dhualgas do réir mo choinsiasa, agus annsan tagadh a dtiocfaidh, bead-sa fé dho.

Aibreán 4.—Ar a trí a chlog indiu, tar éis mo leitreacha fostaidh, órdú chun ceangal leis an arm, *frais de route*, ⁊c. a bheith fachta agam cheana, ghluaisigheas liom chun cinncheathrún an *Armée d'Angleterre* ag Rouen.

Aibreán 5.—Tar éis an oidhche a thabhairt ar an mbóthar shroicheas annso ar a dódhéag lá ar n-a mháireach agus ghabhas ar lóistín san Maison Wattel. Bhuail an Taoiseach Kilmaine liom gan coinne is thug cuireadh dinnéir dom, mar a bhfuaireas rómham an Taoiseach Lemoine, agus Bessierres, fear cinn na n-eolaithe ag Buonaparte, ⁊rl., ⁊rl. An Coiméide tráthnóna.

Aibreán 6.—Siubhal ar fuaid an bhaile. Baile fairsing, gránna, salach é. Tá air, ámh, deallramh maith tráchtála agus déantúsa bheith ar siubhal ann, agus níl amhras agam ná gur fearr fós chuige sin é le linn síothchána. Seanshompla breágh de'n Ghotfhoirgneacht iseadh an Árdeaglais. Do chonnac an taobh istigh de Mhainistir Westminster, agus Nôtre Dame Pharis, agus cuid mhaith eile san nGearmáin agus áiteanna nach é, ach b'fhearr liom an taobh istigh d'Áirdeaglais Rouen ná iad go léir. Is álainn an *coup d'œil*. é. Ach, ní a chrádhfadh duine, idir chabhail na heaglaise agus an chór, tháinig Áirdeaspog cráibhtheach éigin, gur mhó a chuid airgid ná a éirim, agus do thóg sreath de cholúna snasta de'n fhíorchruth Corinteach, agus mar sin gur loit cómhaontas na háilne san bhfoirgneamh, agus do mhill rud ba sháréaladha muna mbeadh é. Is mó de'n Ghotacht fhírinnigh atá san sompla beag so de'n fhoirgneacht Ghréagaigh ná an eaglais go léir eile.

Aibreán 7.—Ar athscrúdú a dhéanamh ar an Áirdeaglais indiu dom ba léir dom nach Corinteach iad an sreath colún úd a cháineas le hoiread san feirge agus córa indé, ach Ionach, ach is é an dá mhar a chéile é. Daoi a bhaistim fós ar an Áirdeaspog úd i ngach canúint san nGréig agus i ngach órd foirgneachta; agus fós is diúlach gan éirim é.

Aibreán 8.—D'éistigheas cuid de sheanmóir, ó b'é Domhnach Cásca é. Brilléis dona! Comparáid fhada, nár cheapas a críochnóchaí choidhche, idir Íosa Críost agus Seosamh, agus an dara ceann 'na dhiaidh, ar chómhdhul leis sin, 'ghá shamhlú le Ionas, 'ghá léiriú mar d'fhan duine aca trí oidhche san uaigh agus an duine eile trí oidhche i mbolg éisc mhóir, ⁊rl.; ba mhór é mo shochar-sa ó'n méid sin. Do bhí an eaglais lán de mhná ach ní fheaca fiche fear ann. Ní fheadar-sa conus fhéadann daoine éisteacht le ráiméis dalbaidhe mar é siúd.

Dála an scéil, ba cheart dom a rádh 'na áit féin go ndeaghaidh Lewines chun Buonaparte lá nó dhó sular ghluaisigheamar ó'n gcathair d'iarraidh a shuim a mhúscailt ar mhaithe le n-ár gcáirde mí-ádhmharacha atá fé ghabháil d'fhéachaint an bhféadfaí a thabhairt ar an Árdchómhairle fógradh dhéanamh arís de'n tsaghas a dheineadar cheana ar mhaithe le tírghrádhthóirí an Pays de Vaud, nuair a chuireadar slánadh an dreama san ar ionchaibh uaisle Bherne go pearsanta. Dob é freagradh Bhuonaparte nárbh ionann ar aon chor an cás ; maidir leis na hEilbhéisigh go raibh i gcumas na Frainnce buille a thabhairt go luath tar éis na bagartha ; nárbh ionann é i gcás Shasana. Ceann de na príomhchómhachta móra í sin, agus níor cheart choidhche do'n Phoblacht bagairt dhíomhaoin a dhéanamh. Ó's mar sin a bhí, gur tuigeadh do féin, aon chur isteach a dhéanfadh Rialtas na Frainnce ar son an dreama tírghrádhach san i nÉirinn, gur díobháil a dhéanfaí dhóibh b'fhéidir toisc go ngríosóchadh san Rialtas Shasana 'na gcoinnibh, agus gan maitheas ar bith a dhéanamh dóibh san am gcéadna. B'éigean do Lewines géilleadh do'n argóint sin agus, go deimhin, níl fagháil ar é shárú. Tá de shásamh ag Lewines, ámh, nár fhág sé féin aon dícheall gan déanamh chun ár gcáirde mí-ádhmharacha a shaoradh ó'n mbaoghal droichíde atá ag bagairt ortha. Is duairc an sólás é, ach is sólás é d'á aindeoin sin.

Aibreán 9 *go* 15.—Fuaireas lóistín indiu ar órdú an Taoisigh Chonganta Boulant, *Provisoirement Chef de l'État Major*, i dtigh an Chathardhaigh Bigot. Tigh ósta mór é agus tá lóistín seascair agam ann. Thug fear an tighe cuireadh chun dinnéir dom, agus chaitheamar é *tête à tête*. Do bhí súd 'na *Phresident à mortier* san *bParlement de Normandie* tráth d'á raibh. Do bhí a athair, dar liom, 'na *Mhaire de Rouen* fé'n *ancien règime*, agus tá mórchuid maoine caillte aca, fara bheith aon mhí dhéag caithte i bpríosún le linn an *terreur*. Is furus a thuigsint ó'n méid sin uile nach mór é meas m'fhir tighe-se ar an Réabhlóid, rud go n-abruigheann sé i gcómhnaidhe *malheureuse* leis. Maithim ó chroidhe d'uaisle d'á chinéal súd, ba mhór le rádh dáiríribh sula dtáinig an Réabhlóid agus ná fuil rí ná rath anois ortha ; farais sin taidhsigheann sé bheith ceannsa, nó scáthmhar féin, 'na mheon agus tá leathtuairim agam gur ghoill an cruadhtan agus an scannradh ar a aigne ; munab é sin é, ní foláir nó dob aisteach an riarú a bhí ar an dlí san bhFrainnc an tráth dob fhéidir d'á leithéid siúd ionad árdchéime a shroichsint san ngairm sin. Duine lag dáiríribh é ; pé scéal é, d'fhanas farais go deireadh

tré dheighbhéas, bíodh gur dhian an *corvée* orm é, agus scaramar fé 'nhórmhuinnteardhas. Tá iarrtha arís aige orm dul ann umanathar, go mbeidh cuideachta ann. Taithnigheann an ní sin liom, mar, le fírinne, ní háil liom dinnéar eile *tête à tête. Duine liosta* m'fhear tighe.

Aibreán 16 *go* 20.—Caithim mo chuid aimsire annso "*worse than the mutines* in the billboes,*" ach níl dul uaidh, agus *an rud ná fuil leigheas air foidhne is fearr air*, mar adeir an file go sáirbhinn. Ar fheicsint indé dhom ins na páipéir gur éirigh leis an Tighearna Eadbhard Mac Gearailt éalú as Éirinn is gur shroich an Fhrainnc slán, scríobhas láithreach go dtí an Chef-de-Bureau ar na póilíní, go bhfuil Earnáil na gCoigcríochach fé, d'fhéachaint arbh fhíor an scéal agus má b'fhíor, d'á iarraidh ar an Aire gach cóir a chur ar an Tighearna Eadbhard, ⁊rl., ach is mó is maith an scéal é le bheith fíor.

Do bhuaileas amach an tráthnóna so ar feadh na habhann go bhfeicinn na *batteaux plats* atá d'á dhéanamh annso do'n tseáp anonn. Deich gcinn atá ann, cheithre cinn díobh ar snámh. Measaim go mbeidís ar fad ullamh fé chionn trí seachtaine nó míosa ar a dhéannaighe; 13,000 livre an ceann a chosnuigheadar, nó tuairim £541 13s. 4d.

Dála an fheachtais. Tá m'aigne ar mearaidhe ó fhágas Paris. Desaix, a cheapas a bheadh annso rómham, is dearbh liom gur i dToulon atá; agus do réir tuairiscí na bpáipéar indiu agus tuairisce atá i leitir ó'm dhearthàir, Maitiú, tá Buonaparte le gluaiseacht i gceann trí lá ann chuige chun dul i gceannas an armála dímhóir atá d'á ullmhú i mbailte cuain an Mheánmhara chun dul go háit nach eol d'aoinne. Is deimhin gur ghluais eolaithe Bhuonaparte as so ar an mbóthar go Paris, trí lá ó shin. Le n-a linn sin tá an Taoiseach Kilmaine i gceannas do réir deallraimh, *per interim*, ar an arm i gcómhair Shasana; caithfead a rádh gur adhbhar mearbhaill dom an scéal so uile. "*I am lost in sensations of troubled emotions.*" Is é tuairim choitchionn na bpáipéar i bParis gur go dtí an Éigipt atá an armáil so ag dul, agus go mbeidh an Turcach páirteach linn san bhfeachtas. Muna mbeadh an gnó so againn féin ba bhreágh liom san gcás san bheith i dteannta an Taoisigh Desaix. Ach "caisleáin aeir" é sin agam. Conus a bheadh, nuair bheidís uile ar bórd, dá gcasadh Buonaparte go hobann ar a dheis agus turas gan coinne thabhairt ar an Tighearna St. Vincent maidin bhreágh aca so.

* *Mutineers* san cagrán ag R. Barra O'Briain

Ach is eagal liom ná déanfaidh—níor rud nárbh fhéidir é, ámh. Do bheadh an tighearna uasal, annsan, idir dhá theine agus b'fhéidir ar deireadh, go ndéanfadh na Spáinigh suaracha gníomh éigin. Ach ní hamhlaidh é ! 'Seadh—inneosaidh an aimsir—agus measaim gur discréideach an rádh uaim-se an méid sin. Níl thar coighcíos ó achtuigh an Árdchómhairle ceannas an chabhlaigh agus an airm araon a thabhairt do Bhuonaparte agus órdaithe aige bheith i mBrest i gcionn deich lá. Conus a réidhtigheann san agus na ráflaí so le chéile. Pé scéal é is léir a mheas gur mór an mearbhall so do Sheán Buidhe, is dearbh go bhfuil mearbhall dóighte orm-sa aige.

Is dóigh, ní chrádhfad mé féin feasta ag caitheamh tuairimí ná deineann ach mearbhall dom—is maith an scéalaidhe an aimsir.

Aibreán 21 *go* 24.—Deir na páipéir deirinneacha ó Pharis go bhfuil Buonaparte go dearbhtha imithe chun bheith i gceannas ar an bhfeachtas atáthar a ullmhú cois Meánmhara. 'Na thrí ranna bheidh sé is clos dom, raghaidh dream ar bórd i dToulon fé cheannas Bhuonaparte féin ; dream eile i nGenoa, fé Chleber ; agus an treas dream i gCivita Vecchia, fé Dhesaix. Do'n Éigipt agus an tSiria atá beartaithe a dhul.

Maidir leis an dara tír sin, gur cuid di an Phailistín, chonnac indiu alt san *Telegraph* gur mhór mo shuim ann. Moladh atá ann a iarraidh ar Iúdaidhigh filleadh ó'n uile cheard de'n domhan chun casadh ar thír a n-athardha agus teampall a sinnsear d'athtógáil ; níorbh é an ghné pholaitidheachta de'n scéal a mhúscail mo shuim ach a mhalairt ar fad de ghné. Is cuimhin liom gur innis Whitley Stokes dom go rí mhinic tuairim a cheap sé, ó dhlúthstaidéar agus machtnamh ar an Seantiomna agus an Nua-fhianaise ná raibh sé gan coinne go dtíocfadh, le n-a linn féin agus lem linn-se, an ní mór san i gcrích ; agus is cuimhin liom an racht gáire dheineas fé n-a thuairim, ach measaim gur lugha deallramh díth céille atá indiu ar an scéal ná mar bhí an uair úd, 1793. Ní hamhlaidh anois gur féidir é, ach is maith an dóich é, go mbaileochar na Iúdaidhigh arís agus go dtógfar an teampall ar ais. Gan amhras cuirfidh na Franncaigh buntáistí dhóibh féin 'na choingheall aisig ann, agus sin truslóg gaiscidhigh tugtha láithreach fé'n Aisia isteach agus téigheann díom-sa a mhéid ná a thoradh san a mheas ná a thuigsint.

Tá sé d'á léiriú dhom i n-aghaidh an lae tar éis cogadh deich mblian, agus tar éis ainríthe na hEorpa le 'chéile a chlaoidhe ná fuil Réabhlóid na Frainnce fós ach 'na tosach, an tOscar fós i

gcótaí cabhlach. Tréan an dream iad. An rud so atá d'á cheapadh a chur le treascairt an Phápa, scéal atá 'na ghnó déanta, níorbh iongnadh liom go mbeadh sé i gcumas duine (Stokes cuir i gcás) a dheineann staidéar ar na faistiní agus ar na taispeántais, réidhtithe iongantacha scéil d'aimsiú. Maidir liom féin, tá d'ádh orm bheith dall ar Dhaniel, fáidh, agus ar a sheachtmhógha seachtain, ná ar Naomh Eoin 'na oileán Patmos. Fágaim an diadhacht fé'n dream gur áil leo í, agus ní bhaineann mo thuairmí bochta-sa ach le cor an tsaoghail seo abhfus. Ní léir dom róchiall leis an Turcach Mór a bheith ag gríosadh is ag brostú an ghnótha mhóir seo fé mar atá, dar leat. Ní dóigh liom gur fearrde an corrán gealaighe na Franncaigh a bheith 'na chómhgar, ach sin é a ghnó san. Rud eile fós, má tugtar aithsheilbh do Iúdaidhigh, ó's mór a maoin san Eoraip, agus í dothómhaiste san Aisia, bainfidh an Phoblacht amach dar ndóigh áirithe *Sekel de'n ór* sula gceaduightar an Teampall a thógáil, agus sin áis. Truagh gan léarscáil mhaith de'n Aisia agam d'fhéachaint cá fhaid atá idir Jerusalem agus Madras, mar tá mo shúil go dlúth agam ar an gCarnatach. Seo mé ar fiarlaoid thar fóir arís ag machtnamh dom ar staid na Poblachta fé lathair. Nach suarach na habhaic sinn-ne Éireannaigh bhochta. Ach ní hé ár gcionnta-na é; raghaimíd i bhfeabhas fós b'fhéidir. Is mór an sólás dom geallúint Mherlin agus Bharras i dtaobh ár saoirse-ne—tá mo mhuinghin go daingean as.

Aibreán 25.—Tá Liam Hamilton, cliamhain Sh. Ruiséall, tar éis sroichsint go Paris le cúpla lá. B'éigean do teicheadh ó Lonndain de dheascaibh gabhála an Chonchubhraigh agus a lucht cuideachtan. Ar an tslí casadh Lewines air i mBrusell agus, farais sin, chonnaic sé i bpáipéar Sasanach, de'n 3adh lá, go raibh tosnaithe ar an Réabhlóid i nÉirinn, go rabhthas éirithe theas agus go raibh an Taoiseach Abercombie agus an t-arm imithe chun siubhail chun iad a chlaoidhe. Creideann sé féin agus Lewines é. Maidir liom-sa ní chreidim an scéal—éirghe-amach logánta é, ar an gcuid is fearr de—agus sin mar is measa. Do scríobhas, ámh, go dtí an Taoiseach Kilmaine d'iarraidh órdú uaidh dul chuige go Paris, má b'fhíor an scéal, agus go gceapaim-se, ámh, nárbh fhíor.

Tá scéala óm dheartháir agam go bhfuil duine ag feitheamh le Lewines ag an Hague, duine d'éaluigh slán le planánna, léarscála, agus faisnéis mileata eile, agus go bhfuil coinne gach lá le Lewines agus leis féin i bParis. Cia fhéadfadh bheith ann. B'fhearr liom go gcasfadh Lewines.

Aibreán 26.—Chim i bpáipéir Pharis indiu, sleachta as páipéir Shasanacha fé dháta go deireannach is gur léir uatha, fé mar cheapas, gur scéal antráthach é siúd ar éirghe-amach a bheith i nÉirinn; ach mar sin féin tá cúrsaí ag teacht chun cinn go tapaidh san tír sin. Tá gairmscoile curtha amach ag Tighearna Chamden gur geall le fógairt chogaidh é, agus tá gléas póilíneachta i bhfeidhm is arrachtaighe go mór ná mar bhí riamh san bhFrainnc le linn an *terreur*. Níl, ámh, aon tuairisc dearbhtha ar ghníomhartha cogaidh, ach ag áit dárab ainm Holy Cross mar ar scaipeadh na daoine gan duadh ag Marcshluagh Fencibles ó Chaiseal agus ag dream de mhilitia Lughbhaidhe, agus mar ar marbhuigheadh triúr agus goineadh agus gabhadh tuairim fiche duine; ach ní fiú biorán é sin. Chím go bhfuil beartaithe ag an Rialtas feidhm a bhaint as aon trúpaí Éireannacha is iontaoibh leo, d'fhonn an míochlú a thiocfadh, dá n-éaghmais, ar na Sasanaigh is ar na hAlbanaigh do sheachaint nó a mhaolú. Is léir, ámh, nach iontaoibh leo na trúpaí ar fad: mar ins na páipéir chéadna tá ráfla, agus níl ann ach ráfla, gur dhiúltuigh roinnt de na cipí militia gluaiseacht i n-aghaidh na ndaoine. Dob é ba cheart dóibh a dhéanamh, dá mbeidís dáiríribh ná gluaiseacht agus annsan dul ar thaobh na ndaoine. Idir so súd, d'aindeoin a bhagarthaighe atá rudaí i nÉirinn fé láthair, is é mo thuairim ná déanfar aon chómhrac dáiríribh ann muna dtagaidh na Franncaigh. Ní hé gairmscoile Thighearna Chamden a dhéanfadh aon chosc ar ár Réabhlóid-ne, annsan. Chím, leis, ins na páipéir gur aistrigheadh Artúr Ó Conchubhair go Maidstone mar a mbeidh triail d'á chur air féin agus ar an gcuid eile aca, go luath. Táim ag feitheamh le n-a thoradh san fé mhóirimnidhe. Pé ní is dán do'n Chonchubhrach, ní chaillfidh sé ar mhaordhaighe a áirdchéime, agus má's é an tubaist is dán do, fulaingeochaidh go fearúil é.

Aibreán 27.—Is olc mar táim d'uireasbhaidh scéil annso ach mé i dtaoibh le sleachta neimhiomlána i bpáipéir Pharis. Chím indiu, agus is áthas liom é, gur éirigh mo chara, Sir Labhras Parsons, as ceannas Mhilitia Chonntae Ó bhFailghe de dheascaibh na ngníomhartha éirligh atá Rialtas Shasana a bheartú, agus ná beadh sé féin páirteach ionnta. Ba cheart do gach duine uasal fé'n dtuaith in Éirinn aithris a dhéanamh air; ach níl de chéill ná de mhaith ionnta an méid sin a thuigsint. Dá eaglaighe do Rialtas Shasana atá cor na hÉireann, dáiríribh deimhin fé láthair, níl amhras im aigne ná gurab í intinn atá aca ná scéal caillighe an uathbháis a dhéanamh ar fad de d'fhonn scannradh croidhe a chur ar uaisle

Éireann, agus ar scáth an anaithe sin spioraid an Phobail a mheilt, agus an tír a chur arís fé mhoghsaine a sháróchadh ar olcas aon tráth d'ár stair mhí-ádhmhair. Ní fhágfaid aon ní ar éideimhne. Chíd siad go n-éalóchaidh Éire uatha gan stró má bhíd siad tláth lêi. Fóirneart is fearr leo, mar sin. Má éirigheann leis, tá go maith ; má theipeann, is í Éire a bheidh thíos fós leis ; pé scrios cogaidh a dhéanfar í siúd a fhulaingeochaidh é ; agus má bhíonn ar Shasana fé dheoidh éirghe as an bhforlámhas, ní foláir léi ar a luighead fásach a dhéanamh de'n ní fhágfaidh sí 'na diaidh. Is deamhnaidhe an rúnchómhairle í, ach ní haon rud nua aici sin é. Maidir leis sin de, bíodh gur cuirbtheach thar fóir iomchur Rialtais Shasana níl sé gan chuspa agus eagar. De'n chéad iarracht tá Treoraithe uile an Phobail fé ghabháil aca, agus seo anois iad ar tí an claidheamh a tharrang chuca d'fhonn an tosach a bhaint d'aon chabhair d'fhéadfadh teacht, i dtreo, dá dtagadh an chabhair fé dheoidh, go mbeidís chómh claoidhte sin ná féadfaidís feidhm ar bith a bhaint as. Maidir leis an intinn deiridh sin, ámh, is dóigh liom go meallfar iad ; tá an fuadar, measaim, ró fhoirleathadúil le n-a chosc anois, agus is amhlaidh is uathbhásaighe agus is milltighe de a agróchaidh an Pobal a ndíoltas nuair gheobhaid an chaoi chuige. Nach suarach na cneamhairí iad uaisle na hÉireann ! Is é a bhfuil de choir d'á chur i leith na nÉireannach nAontaithe ag a naimhde ná gur fonn leo an ceangal le Sasana a réabadh, nó, chun ainm eile a thabhairt air, neimhspleádhchas a dtíre a sholáthar ; gnó gur mór é suim lucht éadála ann, ní foláir. Is amhlaidh, ámh, ná fuil splannc céille, ná meanman, ná macántachta, ionnta leis an scannradh a chuireann ainm na saoirse ortha. Dá mbeadh oiread agus braon d'fhuil na hÉireann ionnta, ná oiread is gráinne de mhisneach cheart nó d'fhíorghrádh tíre, 'na gcroidhe, is iad ba chóir a bheadh ar tosach slógha san iarracht mhór so ; chuirfeadh na daoine leo ; ní leomhfadh Rialtas Shasana ó thúis cur chun na ngníomhartha a bhí ó shin agus atá fós go caithréimeach ar siubhal aca ; bheadh ár Réabhlóid-ne i gcrích gan turraing, ná braon fola a scaoileadh, b'fhéidir ; is ná cuirfar i gcrích anois í, má cuirtar choidhche, gan gabháil tré gach bárthainn a leanann cogadh fíche is fola : mar, an cogadh bheidh i nÉirinn, nuair a thiocfaidh sé, ní gnáthchogadh bheidh ann. Ní meas saighdiúirí a bheidh d'á chéile ag na hairm, ach fala fíornamhad. Cia tá freagarthach ann, máiseadh ? Na hÉireannaigh Aontaithe, a mhúscail an cheist, nó Rialtas Shasana agus a gcóimhleacaithe, uaisle na hÉireann, atá 'na choinnibh.

Má's fearrde tír neimhspleádhacht fé mar is fearrde an duine saoirse beidh socrú luath ar an scéal. Cad chuige an síorshárú ag Sasana ar ár saoirse-ne ? An le grádh dhúinn é—an toisc gur dóigh léi-sin gur fearr sinn-ne mar táimíd ? Dá mb' i dtaoibh leis an leithscéal sin amháin a bheadh sé ba luath bheadh Éireannaigh mhacánta ar cómhairle chinnte. Ach, adéarfar, níl Eireannaigh Aontaithe ag fanúint air sin ; siúd anois iad ag cainnt ar athroinnt éadála, agus ar dhlí i dtaobh talmhan. Ní heol dómh-sa céaca fíor, bréagach é sin. Is deimhin liom, san Meitheamh, 1795, nuair ab éigean dómh-sa imeacht ó'n tír ná raibh a leithéidí i gceist aca. Má phréamhuigheadar 'na measc ó shin bíodh a mhilleán san ortha féin ag uaisle na hÉireann. An uair úd féin ghabhadar páirt san ngnó ; ba lag leo dul i gcómhairle leis na hÉireannaigh Aontaithe, ach ba luath iad 'ghá gciapadh ; fiú an chuid aca a thugadh Patroitigh ortha féin, ba dhícheallaighe iad-san ag cur míochlú, agus dímiadh an tráth fhéadaidís é, ortha, ná na sclábhaithe ab umhaille ag Rialtas Shasana. Nuair a bhraith treoraithe na nÉireannach nAontaithe nach eadh amháin gur thréig, agus gur iompuigh na gcoinnibh an dream san gur mhaith an ceart gurbh iad a dtaca agus a lucht aoinmheithile féin iad, cá hiongnadh má tuigeadh dóibh ná raibh ceangailte ortha feasta bheith géilliúil do dhaoine ná raibh de cháilidheacht ionnta ach barr binibe an uilc a bhí 'na gcroidhe chun géirleanúna. Má chailleann a leithéidí siúd a gcuid sealbhachais san ngráscar, iad féin amháin fé ndeara é, de dheascaibh an dualgas is túisce agus is aoirde a thréigean—an dualgas d'á dtír. Do thuilleadar d'á ndeoin coigistiú, nuair a dhiúltuigheadar an t-ionad a gheobhaidís a shealbhú san bPobal, agus gurbh é mian an Phobail iad a bheith ann ; d'fhágadar ionad folamh le gabháil ag daoine gur mhó a misneach, agus a gciall, agus a macánacht ; agus ní hé sin amháin é ach d'fhágadar ag a naimhde, leis an tréigean táir spriúnlaithe sin a dheineadar, gach leathscéal ó cheart, agus ó dhúngaois, agus ó mhian tairbhe, chun gléas coigisteoireachta a chur i bhfeidhm. Agus fós, má éirigheann le hÉireannaigh Aontaithe, níl aoinne le céill ná creideann gur gearr go dtiocfaí ó'n olc a leanann cogadh ; agus seacht mbliana tar éis a saoirse d'fhagháil d'Éirinn, nó fé n-a bhun san, nuair a bheidh caoi aici a saidhbhreas aicionta a shaothrú go láindícheallach—beidh méadú chómh mór san ar ghnó, is tráchtáil, is curadóireacht, is déantúisí aici go mbeidh aiseag iomlán ann di ar gach dochar d'á bhfulaingeochaidh sí gan amhras ag saothrú a saoirse dhi. A fhianaise sin ar America ;

agus is maith is eol do Shasana é ; is fáth aici é le bheith chómh dian san gcoimhlint. Ar an taobh eile, má's le Sasanaigh a bheidh, agus go gclaoidhtar Éireannaigh Aontaithe, conus a bheidh ag Éire annsan ? Í bheith 'na cisigh choidhche fé chosa an tíoránaigh gan fagháil ar éirghe choidhche aici. Cad tá le rádh máiseadh le dream gur ídiú choidhche ortha an lá a dhul 'na gcoinnibh agus ná beadh 'na mbuaidh ach buanú daoirse dhóibh ? Ar a luighead tá cuspa mór glórmhar rómpa ag na hÉireannaigh Aontaithe agus is d'á uaisle gach meoin d'fhónfadh chun é shroichsint. Is é leithscéal is fearr atá le gabháil i leith iomchuir an dreama Shasanaigh ná nach miste leo saoirse agus neimhspleádhacht a dtíre d'íobairt le dúil san díoltas agus chun cosanta a bpearsan féin. Níl d'Éirinn eile aca siúd ach a rollaí cíosa, a bpuistionaid, a gcódhnacht agus a bpinsiúin féin. Níl duine ortha ná tuigeann 'na chroidhe istigh gur cneamhaire suarach é féin i gcomparáid leis an dream go mbaisteann sé lucht toiteáin agus tréasa ortha. Is é an machtnamh dóighte sin, fara cúiseanna móra eile, is géire atá 'ghá ngriogadh chun díoltais. Tá a ndlúthtairbhe féin, is na mianta is dúthrachtaighe, aca, leis, i dtreis. Cia mhaithfeadh do'n duine a thugann air a admháil gur sclábhaidhe d'á dheoin é, agus gur dhíol sé ar son airgid gach ní ba mhór ag fear croidhe uasail ? Go ndearnaidh sé adhbhar tráchtála de shaoirse a chlainne is a shaoirse féin agus go bhfuil sé ar fostadh is ar tuarastal chun marbhú i n-aghaidh an lae a dhéanam ar a athairthír ? Níl coir aca-san, ámh, go bhféadfadh aon duine de'n dream míochlú san a shéanadh 'na thaobh féin, i láthair a choinsiasa istigh. Tá, mar adubhart cheana, ar a luighead. cuspa álainn uasal curtha rómpa ag na hÉireannaigh Aontaithe. Níor leomhaidh a naimhde fós, san struilín fada gearán a chuireadar 'na leith, a luadhadh gur ar mhaithe leo féin atáid. An fhaid a bheidh san amhlaidh beidh eagla rómpa agus fuath dhóibh ach ní bheidh droichmheas choidhche ortha ; agus creidim gur beag na daoine ná tugann barr do'n droichmheas ar a bhfuil d'uilc éadfhulangtha eile ar an duine. An bhfuil san le rádh ag an dream Sasanach. Tá fuar aca a cheapadh gur folach ná luigheadú ar mhíochlú dhóibh iad a theacht 'na sluaighte líonmhara le 'chéile. Tá breith daortha tugtha cheana ortha i dtuairim an phobail agus istigh 'na gcroidhe truaillithe féin. Is léir dóibh a ndíthiú féin ag druidim leo ar luas agus tuigid, ar thuitim dóibh, nach truagh le haon duine macánta iad. *"Imeochaidh íde a n-otrach féin ortha ; an dream a chonnaic iad déarfaid: Cá ndeaghadar siúd ?"*

XXXIV.

AG COSAINT HAVRE

1798—AIBREÁN 27 GO MEITHEAMH 8

Triúr eile de Mhuinntir Tone sa bhFhrainnc maraon le n-a líontighe féin. Mearbhall i dtaobh cad a bhí ar aigne Bhuonaparte. Sasanaigh i dtír i n-aice Ostend. Buonaparte i dToulon. Cúl tugtha le hionnsuidhe ar Shasana, dar le Tone. Tone d'á chur go Havre mar a raibh cabhlach Shasana ag bagairt. Glór na ngunnaí. An Taoiseach Daendels teichte ó'n Hague. Machtnamh feallsúnta ag Tone de thoradh scéil Dhaendels. Gnó mileata d'á dhéanamh ag Tone.

Ó Aibreán 27 go Bealtaine 17.—Tar éis dhá dheichneabhar de laethe saoire d'fhagháil thugas an fiche lá so caithte fé aoibhneas i dteannta mo mhuinntire i bParis. Le n-a linn sin, fuaireamar leitir óm dheartháir Liam ó Phoonah fé'n dáta Eanár 7, 1797, sé mhí dhéag ó shin, agus bhí sé an uair sin 'na mhisneach is 'na shláinte, 'na chinnire tánaiste ar shluagh coisithe an Pheschwa, sé sin fear cinn stáit Mhahrata, agus fagháltas 500 rúipí aige—tuairim 750 púnt san mbliain. Ní fhéadfainn innsint an t-áthas a chuir an deighscéal san 'na thaobh orainn go léir ; dá mhéid an t-ádh a bhuail leis ní hádh thar tuilleamh é. Do chuaidh sé 'na shaighdiúir singil do'n India sé bliana ó shin, 'na aonar gan cáirde, gan caomhnadh ; ní raibh oiread agus leitir aitheantais aige ; ach ní hé a bhí i ndán do thallanna agus do mhisneach mar atá aige siúd go raghaidís le meirg ar dearmad ; níor stad sé d'á réim gur bhain amach céim gradama agus tábhachta, agus níl amhras agam ná gur mhéaduigh a mheon agus a thallanna le n-a áirdchéim. Cloisfeam a thásc le linn an chéad chogaidh eile. Gearán aige ná fuair sé leitir riamh uaim-se (go dtí Séamas Bell i mBaile Átha Cliath a sheol sé a leitir féin) agus tuigim, d'á bhrí sin, an leitir a scríobhas chuige san Meitheamh, 1795, nuair a bhíos ar tí dul go hAmerica, ná fuair sé í. Do scríobhas chuige an 8adh lá scéala chómh sothuigthe agus leomhfainn a chur síos, is ná dubhart ach nárbh éagsúlaighe a imeachta féin ná mar bhain dómh-sa ; de dheascaibh mo chuid polaitidheachta

gurbh éigean dom dul ar deoraidheacht go hAmerica tar éis m'anam a bhreith ar éigean liom as Éirinn ; go dtána, ó shin, do'n Fhrainnc agus tar éis tamaill ann gur shroicheas céim Taoisigh Conganta agus go raibh san fós agam, agus gurbh é mo thuairim go socróchadh tuairim bliain eile ciaca olc nó maith a bhí i ndán dom. D'iarras air scríobhadh chugam fé chlúdach, go Mr. G. Meyer, do Mhr. Eadbhard Simeon, Bishopsgate i Lonndain ; agus chómh maith céadna, dá bhfaghadh long Americánach i mBombay, scríobhadh go dtí Mr. Benjamin Franklin Bache i bhPhiladelphia ; chuir cách eile aguisín leis an leitir sin agus chuireas ag triall ar Mheyer i Hamburgh í le cur chun a dhearthár i Lonndain agus mar sin go dtí an tigh san India go dtí Leonard Jacques, Esq., i mBombay, duine atá 'na fhónamhach do Liam, de dheallramh, agus gur chuige-sin d'iarr sé ar Bhell an freagradh a chur. Is ró-éideimhneach go bhfaghaidh sé choidhche mo leitir, tá oiread san deacraí san tslí roimpi, agus an t-amhras ar ár n-ainm-ne i nOifig puist Shasana. Máiseadh is lugha éideimhne dom athair is dom mháthair is do Bhell scríobhadh chuige ; agus dá bhrí sin, tá súil agam mar seo nó mar siúd go bhfaghaidh sé scéala orainn. Tháinig a leitir siúd istigh i leitir óm mháthair go dtí Máire. Tá sé féin is m' athair ar fheabhas 'na misneach is 'na sláinte. Cúpla lá nó trí tar éis leitir Will a theacht tháinig ceann gan coinne ó Artúr bocht ná fuaireamar scéal le fada fada uaidh, sé sin, ó scar Maitiú leis i bhPhiladelphia, uair éigin san Iúl so caithte, mar a raibh an uair sin ag cainnt ar dhul ar thuras fhairrge go dtí na hIndiaithe Thiar, áit go raibh sé turas cheana ann. Fé dháta ó Hamburgh a leitir sin mar a bhfuair gach cineáltas agus muinnteardhas ó Mheyer. Do chuireamar freagradh láithreach chuige d'á rádh leis teacht gan mhoill go Paris, áit a bhainfidh sé amach, measaim, i gcionn míosa. An buachaill bocht ! níl d'aois aige ach sé bliana déag agus nach mó san eachtra go bhfuil gabhtha tríd aige. Tá dhá bhliain go leith anois ann ó scaramar le 'chéile i bhPhiladelphia nuair a chuireas abhaile ar an Susannah é, fé'n gCaptaen Bird, chun a chur i n-úil dom cháirde go rabhas-sa ag dul láithreach do'n Fhrainnc. Ba leochaileach an gnó é le cur ar bhuachaill chómh hóg leis, agus chuir sé i gcrích go slachtmhar é ; pé scéal é ní fhuaireas aon ghearán ar aon neimh-dhiscréid ann. Nuair a gabhadh an chéad dream i nÉirinn san Meán Fóghmhair, 1796, nuair a gabhadh mo dhilchara Tomás Ruiséall, Mac Néighill, agus cuid mhór eile, i mBéal Feirste, an chuid dem cháirde-se a bhí i mBaile Átha Cliath go raibh fios an

rúin aca, le heagla go bhfaghadh an Rialtas greim ar Artúr, agus go ndéanfaidís, le cleas nó le bagairt, an t-eolas a bhaint as, chuireadar feiste air agus sheoladar go hAmerica anonn arís é, le cead m'athar is mo mháthar, mar b'eagal leo súd leis gur bhaoghal do. Do shroich sé America tar éis mo bhean is mo líontighe do ghluaiseacht do'n Eoraip agus bhuail Maitiú leis agus ní go rófhada 'na dhiaidh-sin go dtug sé turas ar shlúp go dtí na hIndiaithe Thiar. Nuair d'fhill ó'n turas san, bhuail sé arís le Maitiú a bhí díreach ar tí gluaiseacht go dtí Hamburgh do réir mar dubhart-sa leis. Do scaradar i bhPhiladelphia le 'chéile agus ní heol dómh-sa imeachta Artúir ó shin i leith. Tá sé, ámh, go slán folláin agus do chothuigh é féin le dhá bhlian gan chabhair ó aoinne. An uair deiridh a chonnac é buachaill breágh fearúil dob eadh é, agus aghaidh álainn air. Tá mo shúil go mór leis go raghaidh chun cinn, agus má bhíonn choidhche cabhlach cogaidh i nÉirinn againn tá an mianach ceart ann a dhéanfadh *Jean Bart* eile dhe. Ní fheadar fós cad a dhéanfam do, nó cad fhéadfam a dhéanamh, ach nuair a thiocfaidh sé, breithneocham an scéal. B'fhéidir go bhféadfainn ní éigin a dhéanamh le cabhair an Aimiréil Bruix, atá anois 'na Aire Luingseoireacht, agus gur chuireas aithne i mBrest air, tráth ár bhfeachtais cheana, agus gurbh é siúd a bhí dáiríribh i bhfeidhil cuid na luingseoreachta dhe. Chím ins na páipéir go bhfuil Bedout, a bhí i gceannas an *Indomptable*, go rabhas-sa ar a bórd, tar éis filleadh ó na hIndiaithe Thiar mar a raibh ar mhurthuras agus gur árduigheadh go céim IarAimiréil é agus gur maith a thuill a sheirbhís do an méid sin. B'fhéidir le cabhair duine éigin aca san go bhféadfainn treo a chur air, go mórmór má bhíonn Bedout páirteach san bhfeachtas so, is gurbh áil liom go mór go mbeadh. Ní ghéillim do phiseoga ach d'á aindeoin sin is aisteach liom mar scéal é go bhfuil Máire, Martiú, Artúr, agus mé féin agus mo líontighe, tar éis na himeachta éagsúla a bhain dúinn, bailithe le 'chéile arís san bhFrainnc nuair atáthar ar barraoid gluaiste ar an bhfeachtas so, agus go bhfuil d'ádh orainn díreach le n-a linn sin tuairisc a theacht óm athair agus óm mháthair agus go mórmór ó Will ná fuairtheas scéal le cheithre bliana uaidh. Cuid de'n aisteacht a bhaineann le n-ár muinntir-ne é, agus is móide mo mhuinghin é go mbuailfeam go léir le 'chéile arís fé mhaise is fé shláinte. "Agus gurab amhlaidh bhéas," ⁊rl., ⁊rl., a ndubhairt an Ministir i gcrích a Sheanmóra. 'Seadh, chífeam é.

Bealtaine 18.—Do chaitheas dinnéar i bhfaradh an Taoisigh Chonganta Rivaud indiu, an Chef d'État Major, atá go sealadach i

gceannas an Airm i gcómhair Shasana ; bhí ann, leis, an Taoiseach Marescot na nInnealthóirí, agus na Taoisigh Chonganta Boulant and Dugommier. Mac, an fear deiridh sin, le Dugommier a dhein athghabháil ar chathair Toulon, agus a marbhuigheadh 'na dhiaidh sin agus é i gceannas an airm i Sléiblhte Piréin ; dinnéar suairc dob eadh é; do deineadh cainnt ar an gcogadh go léir; do tráchtadh ar cháilidheacht na dTaoiseach, ⁊rl. Dob é líon na bhFranncach i gcath Jemmapes 50,000 fear, agus na hOstraigh 18,000. Idir mhairbh agus fir ghonta chaill na Franncaigh 3,500, agus nár ghábhadh fear aca d'íospairt mar go bhféadfaí teacht cliathánach ar an namhaid agus go gcaithfidís annsan d'á n-aindeoin, a gcladhdhúnta a thréigean nó fulang bheith 'na bpríosúnaigh. Ní mór a rádh, ámh, ar son Dumourier, gur róriachtanach an uair chéadna, buaidh catha éigin a bhreith, d'fhonn creidiúint a tharrang d'arm na Frainnce agus misneach na saighdiúirí a mhúscailt, mar ba thréithlag gach taobh aca de dheascaibh iomad mí-ádh a thárlaidh i ndiaidh a chéile. Is deimhin go bhféadfadh Houchard Diúic Eabhraic agus a arm ar fad a ghabháil le linn an cúladh iomráidhteach nó an teicheadh úd, a dhein sé ó Dhúnkirk. Ní raibh oscailte roimhis ach an t-aonbhearna chun dul slán tríd, agus bhí Jourdan le n-a roinn armála i ngoireacht leath léige dhe nuair a shroich órdaithe Houchard é ag foláramh air stad láithreach, ar bhaoghal a dhíbeartha as a chéim ceannais ar an dtoirt. Dá dheascaibh sin b'éigean do stad annsan ag féachaint fé dhíombáidh ar armáil na Sasanach fé gabháil ar a socracht thairis agus go bhféadfadh sé príosúnach a dhéanamh de gach duine riamh aca. Do réir an chúntais sin, pé scéal é, do daoradh Houchard sa cheart. Idir so súd chuireas an lá so dhíom go maith.

Bealtaine 19.—Ní fheadar cad deirim le n-ár bhfeachtas-na. Is deimhneach é go bhfuil an sciathán clé uile de'n arm i gcómhair Shasana fé lánghluaiseacht ar an nóimeat so thar n-ais chun an Réin ; ag Dia atá 'fhios cá bhfuil Buonaparte, agus, de dheallramh, tá na scamaill ag dul i dtighe san nGearmáin mar a bhfuil Pitt, gan aon amhras, ag baint préamhacha as talamh d'iarraidh troid d'adhaint, d'fhonn an anaithe a bhí ag bagairt air féin a sheoladh i mball eile. San eadramh táthar tar éis Treilhard, a bhí 'na eadarghnóthóir cinn i Rastadt, a thoghadh do'n ionad folamh a bhí san Árdchómhairle, i n-ionad François de Neufchateau, agus tá Siéyès le dul go Berlin 'na Thaidhleoir ar Thoisc Speisialta agus le gabháil go Rastadt ar an tslí dho. B'fhéidir go bhféadfaimís gnóthaí a

réidhteach; is maith an tuar gnímh liom a éirimí agus a dhícheall-aighe súd.

An feachtas san Toulon go raibh oiread san cainnte air níl trácht a thuille air agus na cinn eile ó Ghenoa agus Civita Vecchia, tá éirithe asta deirtar. Is amhlaidh go deimhin go scríobhann na páipéir oiread san de nithe éagsúla contrárdha i dtaobh na bhfeachtas san nach féidir bun ná barr d'fhagháil leo, agus ní bhainim de bhrí as an scéal ach gurab amhlaidh atáid siad dall ar an ngnó. Do bhí feachtas, ámh, ar siubhal níos goire do bhaile gur theip air agus gur cráidhte d'á chionn mé, agus ní hi dtaobh a thábhachta é ach de chionn an drochshompla atá ann. Scuain 'na raibh tuairim triochad de bháidghunna, fé cheannas Mhuskein, oifigeach a thuill cáil do féin san tsaghas so *petite guerre*, a ghluais ó Lahogue chun *Isles Marcou* d'ionnsuidhe. Do bhí dream de'n 4adh leithbhriog-áid ar bórd aige. Do réir dheallraimh, ámh, nuair thánadar ós cómhair ná n-oileán, ní dheaghaidh san ionnsuidhe ach chúig cinn, agus d'fhan an chuid eile ó raon an lámhachta agus d'á bhrí sin, tar éis greas trí nó cheithre huaire a chluig ar channóndóireacht b'éigean do'n chúig luingeas cúladh, seisear fear marbh ortha agus cúig duine déag gonta. Tá gáir cháinte anois i n-aghaidh Mhuskein, is lucht deisbhéalaighe Lahogue 'ghá rádh nach é bolath an mhusc atá ar a ghníomh; dheineadar "*ballads upon him, and sing them to filthy tunes;*" agus tá ráfla ann gur cuireadh d'á phost é agus go bhfuil an tIarAimiréal Lacrosse 'na ionad i gceannas. Is aithnid dom Lacrosse mar go bhfeaca é ar ár bhfeachtas-na cheana, mar a raibh i gceannas *Les Droits de l'Homme*, agus gur thuill clú do féin i gcath le dhá fhrigéad fé Sir Eadbhard Pellew, gurbh é críoch an scéil ceann de na frigéidí a thiomáint i dtír agus a long féin chómh maith; tá sé ar na hoifigigh is dána i gcabhlach na Frainnce, agus tá sé mar seo gan dul thar a sheomra féin de dheascaibh créachta a fuair sé le linn *rencontre* leis an Taoiseach Vandam.

Ach ag tagairt do'n óspairt úd Mhuskein, is truagh liom é ar dhá ádhbhar go mórmór, an chéad rud ar eagla go ngoillfeadh sé ar mheanmain na saighdiúirí agus go dtiubhradh fuath dhóibh d'aon fheachtas fairrge; agus an dara rud maidir le deaghchlú. Ní miste do Shasanaigh a rádh: "Cad é? Sibh-se chun Sasana a chlaoidhe agus ná féadfadh sibh oileáin Marcou a ghabháil." Droch-ghnó é, mar seo nó mar siúd. Ní fheadar an ndéanfaidh an Árd-chómhairle é iniúchadh. Muna gcuirid i bhfeidhm dáiríribh freagar-thacht smachta ar an Farnáil Luingseoireachta tá sé fánach aca

bheith ag cuimhneamh ar aghaidh a thabhairt ar Shasana ar muir. Tá spioraid nach fónta san dream san agus ní fheicim ná ní chloisim aon trácht ar iarracht chun a leasaithe. "*They do not order this thing better in France.*"

Bealtaine 20.—Le linn dom bheith i bParis, léigheas ins na páipéir Sasanacha cúntas fada ó'n *Dublin Journal* ar fhiosrúchán a dhein an Sainsiléar i gColáiste na Tríonóide, agus gurbh é a thoradh san díbirt fiche macléighinn, agus fionnraighe trí mblian ar mo chara Whitley Stokes. Dob é coir a dhein sé ná go dtug do Shampson, a thug do Thighearna Muighe Rátha é, páipéar a bhí curtha roimhis sin aige go dtí An Tighearna Ionadaidhe ag tabhairt cúntais do ar mhíghníomhartha arrachtacha na dtrúpaí Sasanacha i nDeisceart na hÉireann. Do mhillfeadh rud ba lugha go mór ná san i dtuairim an tSainsiléara é. Do bhí, dála an scéil, a shúil sin le fada air : mar is cuimhin liom gur ghlaoidh sé i láthair an Choiste Rúnda é abhfad sul ar fhágas-sa Éire. Ní fheadar ciaca ghlacfainn míshasamh nó a mhalairt leis an scéal so mar le Whitley dhe ; is truagh liom nár ghaibh sé páirt níos daingne linn-ne : mar, fé mar atá, tá sé fé mhíochlú ag dream, agus ní ró dheimhin liom i n-aon chor go bhfuil slán ag an dream eile. Dála Pharsons agus Tighearna Muighe Rátha, tá a choinsias ró leochaileach aige nó an aigne ró chumhang aige chun an bheart amháin a oireann do'n tsaghas saoghail atá anois ann a dhéanamh. Caithfid bheith neachtar aca ar thaobh na ndaoine nó 'na gcoinnibh, agus bheith go hiomlán amhlaidh. Muna mbíd ní foláir dóibh fulang le míoshasamh, ó gach taobh, leo. Maidir le Stokes, tá 'fhios agam gur do réir prionsabal go cruinn atá sé 'ghá iomchur féin : mar is eol dom ná déanfadh a mhalairt ; ach is mór is eagal liom, de dheascaibh ionnraicis dochlaonta na feallsúnachta aigne atá aige, a bheir neamhaird ar dhaoine agus ar thrátha agus ar chúrsaí is cuma cad iad, go mbeidh cosc air go bráth aon tairbhe a dhéanamh d'á dhúthaigh, agus mo mhíle truagh san : mar ní haithnid dom aon fhear gur mó agam a shobháilcí, agus a árdéirim tallanda. Ní heol dom ach ionad amháin a oirfeadh do, agus tar éis an tsaoghail dá mbeadh Éire neimhspleádhach is beag Éireannach le tuigsint ná toileochadh le n-a chur ann—'na cheann ar chóras chun oideachais náisiúnta. Tá súil agam go músclóchaidh an sompla san de mheasardhacht Mhic Giobúin iarracht éigin ann de'n fhuinneamh polaitidheachta atá i n-easnamh air : mar is minic a chuala é féin 'ghá rádh ná raibh aon ní is fearr a chuireadh faobhar ar thírghrádh daoine ná

dáileog réasúnta de mhaslú agus de challshaoth; b'fhéidir go bhfuil féin anois 'na eisiompláir bheo bheathadhach air sin agus go bhfíorfaidh a ghníomh a theagasc.

Bealtaine 21.—Deir Rivaud, ceann an État Major, ar maidin liom go bhfuil na Sasanaigh tar éis deich míle fear a chur i dtír i n-aice Ostend, le fonn, gan amhras, íde cannóndóireachta a thabhairt air an mbaile sin agus íde loiscithe a thabhairt ar an luingeas agus ar na mionárthaighe atá d'á ngléas ann i gcómhair an fheachtais; ceapaim-se go bhfuil breis ainspianta curtha leis an uimhir; bíodh san mar atá, deir sé go bhfuil 6,000 Franncach bailithe cheana féin, agus tá diongbháil 10,000 Sasanach san méid sin, agus breis. Tá Championette i gceannas san gceanntar san agus Bessières san mbaile istigh mar a bhfuil garastún 700 fear, agus nach leor i n-aon chor an méid sin. Má éirigheann leo, ámh, an namhaid a chosc ó'n mbaile do ghabháil de *choup-de-main* ní beag san uatha; mar ní gábhadh ach roinnt bheag laethe chun armáil a chruinniú a fhágfaidh an t-ionnsuidhe úd 'na mhéala i gcuimhne na Sasanach. Idir dhá linn, tá tuairiscí fé dheithneas curtha ag Rivaud chun na hÁrdchómhairle agus an Taoisigh Kilmaine, an Taoiseach Árd-cheannais. Inneosaidh an lá amáireach tuille scéala dhúinn ar an ngnó so.

Bealtaine, 22, 23.—D'imigh an lá indé gan aon scéala; deir na páipéir indiu go dtug na Sasanaigh iarracht ar na gunnaí móra a chur ag lámhach ar Ostend; chuige sin gur chuireadar 4,000 fear i dtír, gur ionnsuigheadh láithreach iad san, gur buadhadh ortha, gur goineadh a dTaoiseach gur gabhadh 2,000 fear i dteannta 3 nó 400 a marbhuigheadh nó a goineadh, agus cúig nó sé gunnaí móra, agus tuairim 40 bád go rugadh ortha. Sin a bhfuil luaidhte ins na páipéir, scéala é a tháinig ar an telegraf; caithfeam fanúint, dar ndóigh, le scéala go dtagaidh an chéad ghiollaturais eile le tuairiscí.

Ag tagairt do'n ghnó so indiu dubhairt Rivaud rud ab fhiú, dar liom, a chur síos. Dubhairt sé ná raibh, go dearbh, ag taoisigh Franncacha na nua-aimsire, an oiread céadna ná an éagsúlacht chéadna eolais is bhí ag a leithéidí fé'n tseanréim; ach go raibh leigheas an easnaimh sin san loinne bhreise bhí ionnta, agus mar a mbíonn an lucht ceannais mar sin go leanfaidh an saighdiúir Franncach, an té is cathchalma rugadh riamh, go dlúth 'na ndiaidh agus go gclaoidhfidís gan teip aon trúpaí a thiocfadh 'na n-aghaidh. Níl amhras ná go bhfuil an ceart ag Rivaud.

Tá cúntas láneolais ins na páipéir indiu ar theacht Bhuonaparte go Toulon, scéal gur deacair liom fós géilleadh ar fad do : fiú tá an óráid curtha síos aca a thug sé ós cómhair an airm, ach go dtaidhsigheann sídhómh-sa bheith neambunadhsach; nó ar a luighead, má'sé dhein í, ní d'fheabhas a chumais í. Idir so súd tá drochamhras agam ar an scéal agus ar scéal eile tháinig ó Dhúnkirk adeir go bhfuil na Sasanaigh lasmuich de'n áit sin agus ocht longa líneagair aca agus 400 long iomluchtaidh. Is mó is mór liom an méid sin—bhéarfadh 400 long go réidh leo 60,000 fear fara n-a gcuid capall, is stóir is ordnáis ar thuras gearr de'n tsaghas san. Do chreidfinn go maith go bhfuil na Sasanaigh le cladach na tíre againn, ach nach chómh hiomadúil sin é.

Bealtaine, 24, 25.—Is deimhin go bhfuil Buonaparte i dToulon agus é ar bórd luinge ó'n 14adh lá ; agus, dála mar cheapas, an óráid a thug sé ní hionann í agus an chainnt a bhí ins na páipéir cheana. Do léigheas an ceann ceart indiu, agus tá dhá abairt ann atá ag dul ar fad díom a thuigsint. San gcéad cheann, i dtosach na hóráide, deir sé leis na trúpaí gurab iad sciathán clé an Armála i gcómhair Shasana iad ; san dara ceann, i gcrích a ráidhte, deir sé go bhfuil an ghlóire bhaineann le hainm na Frainnce le cothú aca i dtíortha agus i bhfairrgí i bhfad i gcéin. Cad a chialluigheann san ? An bhfuil sé, tar éis an tsaoghail, ag dul do'n India ? An raghaidh sé an cómhgar go Lonndain le gabháil tré Chalchuit ? Tá amhras dalbaidhe agam air. Tá a chuid *savants* go léir ar bórd 'na theannta go n-a bhfearas ; is ar éigean gur i gcómhair Shasana san. Maidir leis an Éigipt, go bhfuil oiread san cainnte 'na taobh, ní thugas aon áird riamh ar an ráfla san. Má's do'n India a raghaidh, is truagh cráidhte gan mé farais. D'fhéadfainn féin is Will oibriú le 'chéile agus b'fhéidir do ndéanfainn áis éigin, ach conus a bheadh ag mo líontighe im éaghmais ? Tá mearbhall níos mó ar an nóimeat so orm ná aon tráth ó thána do'n Fhrainnc. Ní lugha ná fonn atá orm scríobhadh go dtí an Aire Cogaidh, nó an Aire Luingseoireachta. Ná scríobhfainn go Barras ? *Allons !* Scríobhfad go Bruix—tagadh a dtiocfaidh.

Bealtaine 26.—Thána ar atharrach aigne agus scríobhas leitir indiu chun an Taoisigh Kilmaine ag innsint do mar atá ag Will fé láthair san India, agus 'ghá thairgsint go raghainn ann dá mba dhóigh leis an Rialtas go ndéanfainn aon áis ann, agus 'ghá iarraidh air scéal rúin agus luaithfhreagartha a dhéanamh de. Ní fheadar cad a thiocfaidh as so. Céim mó is dána iseadh é ; is é aondeacair

an scéil ná i dtaobh mo líntighe ; ach má ghlacann an Árdchómhairle lem thairgsint is ar éigean, dar liom, a dhiúltóchaidís leath m'fhagháltais a íoc lem mhnaoi an fhaid a bheinn amuich ; má thoilighid leis, raghad ann is fáilte, d'aindeoin ná fuilim-se feasta b'fhéidir i n-aois na bhfiúntar. Tá m'fhuil-se ag fuaradh go tapaidh. "*My May of life is falling to the sear, yellow leaf.*" Dob aisteach é dá n-imighinn-se tar éis an tsaoghail amach do'n India. Dhá uair nó trí cheana d'óbair dom an turas a thabhairt agus admhuighim go bhfuil maolú mór ar an bhflosc agam chun dul ar fheachtas d'á shaghas ; ach, mar sin féin, agus gach ní d'áireamh, do tuigeadh dom de thoradh lánmhachtnaimh go raibh orm an tairgsint a thabhairt agus is fé'n Rialtas atá anois breith a thabhairt san scéal ; beagán laethe eile agus beidh fios scéil agam, is dóigh. Ar an am so níl i gceist ná i dtuar aon ionnsuidhe bheith d'á cheapadh i n-aghaidh Shasana, ach oiread is tá i n-aghaidh na Gealaighe, agus táim d'á bhrí sin marbh ó'n *ennui*.

Níl aon nuacht eile ins na páipéir deireannacha i dtaobh Bhuonaparte agus a fheachtais, ach go bhfuil fós i dToulon de dheallramh ; ach chím go bhfuil an tAimiréal Nelson tar éis dul i bpáirt le hIarla St. Vincent lasmuich de Chadiz, rud ná luathóchaidh gluaiseacht chabhlaigh Thoulon amach, cuir i gcás gur thar Gibraltar a bheadh fonn ortha gabháil. Chím, leis, gur dream 300 Franncach amháin, de leithbhriogáda 46 agus 94, a bhuaidh ar na Sasanaigh ós cómhair Ostend, agus a rug ar 1,500 dhíobh. Ba shuaithinseach an gníomh é.

Bealtaine 27, 28.—De bhrí go dtáinig na Sasanaigh fé mhóirneart ós cómhair Havre is go dtugadar iarracht ar roinnt phléascán a dhiúbhracadh ar an gcathair, bheartuigh an Taoiseach Rivaud, Chef de l'État Major mé a chur uaidh láithreach bonn chun an Taoisigh Bethencourt atá i gceannas san gceanntar úd. Mar sin, ó bhí órdú fachta agam, chuireas mo chuid fearais le 'chéile, ghluaisigheas ar phost, agus dheineas turas oidhche.

Bealtaine 29.—Do shroicheas Havre ar maidin indiu, timcheall a ceathair. Ar a dódhéag chuas chun an Taoisigh Bethencourt d'fháiltigh go béasach rómham. Ó b'é seo an Fête de la Victoire, chuaidh a raibh d'oifighigh san ngarastún i bhfaradh an Taoisigh go dtí an Chathair chun deasgnáth na Féile d'fhearadh. Thug an tUachtarán óráid ar fheabhas uaidh, lán de namhdas i n-aghaidh na Sasanach rud a thugas fé ndeara a thaithnigh go mór le lucht an airm. Um thráthnóna an Taispeánadh ; é go rídhona. Ar

chasadh abhaile dhom, chonnac dhá chorbhéid ag túrnail as an gcuan beag amach, d'fhonn dul chun fairrge. Go mbeiridh Dia slán amach iad. Tá cómhnaidhe orm san tigh ósta céadna mar a rabhas ar theacht ar dtúis do'n Fhrainnc dom. Nach mó radharc atá feicithe ó shin agam!

Bealtaine 30.—Ar maidin ar a ceathair bhí tréanlámhach ag gunnaí móra theas uainn, agus leanadh de gach 'ra tamall go dtí n-a deich. Tá an uian ceobhránach ionnus nach léir dúinn aon ní. Do shiubhluigheas amach go dtí loca na ngunnaí trí huaire nó a ceathair, ach ní fhuaireas aon eolas. Is baoghal liom, ámh, gur bhain olc d'ár gcuid corbhéidí. Do chaitheas dinnéar i bhfaradh an Taoisigh Bethencourt agus tar éis dinnéir thugas turas farais fein agus an Captaen Gourege, fear ceannais *l'Indienne*, long 44 gunna, atá san gcuan laistigh. Ceapann súd go bhfuil na corbhéidí tiomáinte i dtír. Tá mo chroidhe go duairc ó'n scéal san. Chím, leis, ná fuil aon lagadh ar an ngéirleanúint i nÉirinn ; rug an Rialtas ar chúig cannóin a bhí i dtigh Uí Chléirigh i Sráid an Rí, agus ní fheadar cá mhéid sámhthach píce san tSráid Bridgefoot. Tá súil le Dia agam nach ceataighe do'n Chléireach an méid sin mar ní dhearmhadfad go bráth a chineálta bhí sé lem athair. Idir so súd tá mo chroidhe d'á chreimeadh ag an ngruaim danardha an tráthnóna so, agus caithfead dul anocht arís chun na ngunnaí ar a deich, tráth barra taoide i dteannta an Taoisigh Bethencourt. *"Heigh ho! When as I sat in Babylon! And a thousand fragrant posies." Trócaire Dé orm. Tá fonn mór guil orm.*

A deich istoidhche. Do chuas de shiubhal timcheall chun ionad na ngunnaí agus thugas d'fhear ceannais na háite teachtaireacht ó'n Taoiseach. Chun tighe liom agus chun leabthan go ndearna tromshuan.

Bealtaine 31.—Do fíoradh mo thuar tubaiste i dtaobh na gcorbhéidí. Do bhuail scuaine cúig bhfrigéad le Sasana leo agus ghlac scannradh láithreach Captaen an *Vesuve*, long 32 gunna, agus do rop a long i dtír, l'Eccolier a ainm sin. Níor scaoil ach dhá iarracht d'á shliosghunnaí. Do chuir a chomrádaidhe, Revrieux, fear céannais an *Confiante*, a mhalairt siúd de chórú ar chath a luinge féin ; thug sé gleic trí huaire chluig do'n *Diamond* i ngoireacht raon piostail di agus is nuair a bhí an chuid eile de'n scuaine ag cruinniú timcheall air a bhuail sé a long fé'n tír, agus do chosain annsúd é féin ar feadh dhá uair a chluig, ionnus nár éirigh leis an iarracht a thug na Sasanaigh ar í chur tré theine ; ach tá díochrannadh déanta

uirthi agus í réabtha ó n-a gcuid piléar. Is móide a ghradam é go bhfuil gunnaí cheithre bpúnt fichead ar an *Diamond* agus gunnaí dhá phúnt déag 'na cheann-san. Ach sin dhá chorbhéid imithe bíodh go bhfuiltar 'ghá cheapadh go snámhfaidh an *Vesuve* arís. Ní tuar ró dhiongbhálta an méid sin ar an turas ionnraidh seo, agus is fíor ná fuil imnidhe feasta ar na Sasanaigh 'na thaobh san. Do Dhia amháin is feas cad é críoch a bheidh air. A dódhéag istoidhche, chuas ag marcaidheacht i dteannta an Taoisigh Bethencourt agus thugamar cuaird na loc foraireachta agus na ngunnaí. "Gach ní ceart!" D'fhilleamar gan óspairt, is níor bhuail olc ba mheasa 'nár dtreo ná sinn féin. "*Dan caught nothing in his net.*" Do gháireas thar meon fé'n aithfhriotal san gan éifeacht ag imeacht sa tsiubhal dúinn.

Meitheamh 1.—Do léigheas alt i bpáipéar ó Pharis ar maidin a chuir iongnadh thar innsint orm. Is é bhí ann ná go bhfuil an Taoiseach Daendels teichte ó'n Hague agus tá fógartha ag an Rialtas Duitseach é bheith 'na thréigtheoir. Tugadh órdú, do réir deall-raimh, é ghabháil ach theich súd do'n Fhrainnc d'á sheachaint, agus ceaptar go bhfuil anois i bParis. Is é fáth an scéil dáiríribh ná go raibh ró bhéalscaoilte le n-a thuairimí i dtaobh gníomhartha an Rialtas. Sin é iomláine an scéil san bpáipéar agus admhuighim gur mór é m'iongnadh 'na thaobh. Do réir m'eolais féin déarfainn gur fear macánta Daendels agus cathardhach fónta má mhaireann a leithéid beo; agus tuigim ó leitir, fé'n dáta Bealtaine 4, a fuaireas ó Lewines, agus atá neimhléir i gcuid di de bharr deiscréide, go bhfuil fuadar dian fé dhreama polaitidheachta san Hollainn, agus ní foláir liom d'á bhrí sin, nó is amhlaidh atá íospairt déanta air thar cionn a chuid prionsabal.

Féach anois cé dhéanfadh réabhlóidí! B'éigean do Dhaendels teicheadh do'n Fhrainnc deich mbliana ó shin ó chonfadh an dreama Oráinse, agus deineadh dícheannadh, 'na chló tacair 'na éaghmais féin, air. San mbl. 1794 d'fhill sé go caithréimeach i dteannta Phichegru, eisiompláir mhór eile ar an díombuaine a leanann an t-ádh, agus cuireadh é i n-áirdcheannas ar an arm Batáibheach. Sin anois é san mbl. 1798 ar teicheadh do'n Fhrainnc, d'fhonn dul ó chonfadh an dreama diomocrataigh, agus tréigtheoir d'á bhaisteadh, 'na mhíchlú tharcaisne, air. Is mór mar chómhartha liom-sa, ar ionnraiceas aon duine le linn réabhlóide, nuair a bhíonn sé 'na íospairt gach 'ra seal ag an dá thaobh; ach is fíor é an méid a bhuadhann sé maidir le prionsabal, cailleann sé maidir le héifeacht

céille é. D'fhonn aon mhaitheas a dhéanamh fara aon dream, ní mór do dhuine diúltú d'á lán, ní d'á bhreithiúntas amháin é ach rud is measa go mór, diúltú d'á choinsias, leis, is baoghal. Muna dtugaidh sé a thoil leis an méid sin níl ach aon bheart amháin le déanamh aige, sin é an láthair catha a thréigean. Is é fear polaitidheachta is fearr, agus is é duine is macánta ann, ná an fear is mó dheineann maith d'á thír agus is lugha a dheineann olc : mar olc iseadh dhéanfaidh sé d'á aindeoin, agus beidh air féin ar uairibh bheith 'na úirlis chun a dhéanta pé déine raghaidh a íoc air. Ní mór do cinéal de chúntas reatha a choimeád idir é féin is a choinsias, mar a gcuirfidh sé síos an mhaith i gcoinnibh an uilc, agus má bhíonn farasbarr ar a thaobh ar deireadh ba cheart do bheith buidheach.

Is duairc an maranadh é seo ag duine i dtús a réime san bpolaitidheacht, ach is eagal liom go bhfaghthar dáiríribh ná fuil éifeacht i n-aon tslí eile. Má ráinigheann dom choidhche bheith i n-aon ionad polaitidheachta is ag Dia atá a fhios cad é an bheartaidheacht a dhéanfad. Go dtí so, pé scéal é, níor scaras lem chuid prionsabal, agus d'á bhrí sin táim ag cur mo thuairime síos roimh ré d'fhonn go bhfeicinn an mbeidh mo ghníomh d'á réir, cuir i gcás mar adubhart cheana go mbeadh an ócáid choidhche ann ; agus gur beag d'á chómhartha atá san ló so ann de. Daendels bocht ! is agam atá an truagh dho agus ní thréigfead ar aon chúiseamh é ná beidh fianaise diongbhálta 'na theannta ar é bheith cionntach, agus ní cheapaim go bhfaghthar san choidhche.

Chím, leis, ins na páipéir go bhfuil tosnaithe i nÉirinn aca ar na mná a ghabháil, de dheascaibh fáinní Éireannach nAontaithe a chaitheamh. An leigfidh na fir leis sin, nó an bhfuil sé i gcumas aoinne aca cur 'na choinne ? Is fuath liom bheith ag machtnamh ar an scéal agus seachnuighim ar mo dhícheall é. Tá déanta cheana agam san bhFrainnc mo dhícheall beathadh ar mhaithe lem dhúthaigh, níl agam anois ach fanacht le n-a thoradh.

Meitheamh 2.—Do shiubhluigheas ar feadh na rampar araer i dteannta an Taoisigh Bethencourt, ag breithniú an cor a bhí ar na hoibreacha cosanta. Do chuas san timcheall leis chómh fada le loc gunnadóireachta La Hève atá tuairim léige ó'n mbaile, ameasc na gcarraig, agus d'fhilleamar ar a haon ar maidin. "*How merrily we live that soldiers be.*" Ar feadh an tráthnóna so uile bhí lámhach mórghunnaí le clos ódheas ós cómhair an *Pointe de Dives*. Dar linn is é cabhlach Muskein é, atá ag iarraidh casadh, gur bhuail na

Sasanaigh leis agus gur bhain fascadh amach fé bhun daingin bhig cheithre ngunna ag an rinn. Bíodh san mar atá do leanadh de'n lámhach go dtí uair a chluig tar éis tuitim oidhche. Do chuas de shiubhal amach leis an Taoiseach go dtí loc gunnadóireachta de la Neige chun triail a bhaint as cleas nua, gur theip air, chun árthaighe na namhad a chur tré theine tré bhíthin inneall tóiteáin a cheangal d'urchar ocht bpúnt déag. Ní dhéanfaidh sé an bheart. Ní ró dheimhin linn ná go dtiubharthar fúinn féin anocht. Ní cheapaim-se, ámh, go ndéanfar.

Meitheamh 3.—D'imigh an oidhche araer fé shuaimhneas, ach ar a sé ar maidin thosnuigh an cannóndóireacht arís ag an Pointe de Dives atá tuairim seacht léig ó dheas ó'n áit seo. Is léir dúinn an lasair ó'n túr. Tá cúig frigéid ann ag uanaidheacht ar a chéile agus is gnáth trí cinn san turas aca ag cluicheadh an daingin bhig bhoicht na gceithre ngunnaí ; mar níl rian le feicsint againn de chabhlach Mhuskein. Ar a haon a chlog agus mé 'ghá scríobhadh so, tá an lámhach ar láinghreadadh agus an daingean fós gan réabadh. Is iongnadh liom gan é stollta as a chéile fadó riamh. *Istoidhche*. Do laguigh ar an lámhach go luath tar éis a haon agus le tosach tráighte na taoide dhruid na frigéidí amach ach lean bombketch ag caitheamh pléascán, ó'n tráth go 'chéile, go dtí leathuair tar éis a dó, is do bhog léi annsan. An chuid eile de'n ló fé shuaimhneas.

Meitheamh 4.—Fuaireas leitir indé ó'n Taoiseach Conganta Rivaud d'á rádh nach miste dhom filleadh go Rouen pé uair is áil liom é. Do chuireas freagradh indiu uirthi d'á rádh leis ó bhí an namhaid fós ós cómhair na háite seo gur thuigeas gurbh é mo dhualgas fanúint abhfus go bhfaghainn athórdú. D'ainmnigheas na cathardhaigh Fayolles Captaen ar Throighthigh agus Favory Captaen Innealtóirí 'na *nAdjoints* agam, agus chuireas na leitreacha ainmniúcháin chun an Aire Cogaidh. Táim mar sin fé sheol i gceart "*If I had bought me a horse in Smithfield, I were manned, horsed and wived.*"

D'óbair dom a dhearmhad. Seo againn lá beirthe a Shoillse an Rí. (Gabhann) "*God save Great George our King.*" Braithim rodhilse ionnam féin de thaipigean, dar liom. 'Seadh, "is eol do Dhia an croidhe. Is minic sin cainnt mhaith agus drochchroidhe ag duine," ⁊rl., ⁊rl., ⁊rl.

Meitheamh 5.—Do ghabhas mo chuarda araer i riocht Taoiseach Conganta, i bhfuirm is i n-órd. "*I brought in the boar's head, and*

quitted me like a man." Ní léir dom féin gur aithfhriotal ró thagarthach é sin ; ach is cuma. Taithnigheann díomhaointeas bruidiúil an tsaighdiúra liom maith go leor, agus dá mb' i n-armáil Éireannach a bheinn dhéanfadh oifigeach cuibheasach maith díom ; ach is tubaisteach an cheataighe dhom an t-atharrach teangan annso. Cuirim me féin i n-úil, ámh, ag gach loc foraireachta, agus is leor san dómhsa. *Vive lá République.* Ní fheadar cad chuige an bhreabhaid sin, go dearbhtha deimhin. Tá de ráfla i Havre an mhaidean so gur bhuaidh cabhlach Toulon cath ar chabhlach Shasanach san Meánmhuir agus go rugadar ar cheithre longa líneagair. "*Má mhairimíd beo chífimíd súd, a ndubhairt an dall.*"

Meitheamh 6, 7, 8.—Tá an cathardhach Fayolles, an *Adjoint* seo agam-sa, tagaithe ó Rouen, agus mar sin táim níos mó ar mo shuaimhneas. Tháinig an namhaid ós cómhair Havre indé, agus ó'n gcórú bhítheas a chur ortha bhí coinne le hionnsuidhe againn. D'á dheascaibh sin bhí gach loc gunnadóireachta fé lánfhuirinn agus na fuirnéisí ar lasadh. Do bhíos-sa im bhirt san mBatterie Nationale. Tuairim a trí a chlog, seo chugainn iad, i ngoireacht dhá urchar ghunna ; ach i gcionn tamaillín chuadar san ngaoith agus dhruideadar arís uainn ; agus d'imigh an sceimhle dhínn. Ar ghabháil thar an ionad ag an bPointe la Hève, scaoileadar tuarim leathdosaon pléascán fé, mar fhreagradh ar an uimhir chéadna urchar a leigeadh fútha féin *à toute volée,* ach ní dearnadh díobháil ar bith ó aon taobh. Do chonnac féin trí sliogáin aca ag tuitim san uisce, agus na piléir uile. Do ghaibh dhá cheann aca an-chómhgarach, do'n bhombketch ach bhí an t-urchar ró fhada ar fad, agus is iongnadh liom ná tugann an Taoiseach órdú gan caitheamh ach laistigh de raon aimsithe. Má dheineann an namha rabairne gan chiall ar phúdar ní healadha dhúinn-ne ár gcuid-ne d'ídeach. *Au reste,* ba bhreágh an radharc é agus is fearr fós a thaithneochadh liom, muna mbeadh " smaointe áirithe ar an saoghal eile ag teacht, agus ar imrighe na n-anam anonn " a thagadh i dtrátha i láthair m'aigne. Mo dhubhshlán fé aon fhear a rádh ciaca calma, éagcalma é nó go bpromhtar é, agus is fada buidhe uaim-se maoidheamh asam féin ar an gcúinse sin ; ach le fírinne deirim, agus ba mhór é m'áthas 'na thaobh, nuair a bhíos im loc gunnadóireachta chonnac an namhaid chugainn cruinn díreach agus é ar tí, mheasas, tosnú ar an gcannóndóireacht, bíodh ná féadfainn a rádh le ceart go rabhas ar mo mhórshuaimhneas ní rabhas ar buaireamh míshuaimhnis ach an oiread ; agus is deimhin liom san méid gur féidir le fear ar an aiste sin breithiúntas

a thabhairt air féin, go gcóimhlíonfainn mo dhualgas le héifeacht agus gan aon rósmacht óm thoil. Leis an sluagh agus an fuadar, leis an ngleo agus go mórmór a dheimhin a bheith agam go raibh súile na ngunnadóirí ar mo *chapeau galonné*, thug san socrú orm-sa; is é is béas ar chúinse d'á leithéid an Taoiseach do sheasamh ós árd ar an gclaidhe cosanta agus na gunnadóirí le n-a linn sinn i bhfascadh an *epaulment*, agus gur mór an scéal grinn san do'n fhear ceannais. Mar sin féin, níl amhras agam ná gur fusa do dhuine bheith calma 'na iomchur ar an gclaidhe anáirde i mbaoghal gach urchair, ná san loc thíos, ionad is lugha baoghal. Do bhí d'aga agam an méid sin agus iomad eile de bhréithre céillidhe a rádh an fhaid a bhíos ann: mar bhí sé a sé um thráthnóna nuair bhog na Sasanaigh leo, agus dar mo leabhar macánta ní fhéadaim a rádh le fírinne go raibh brón orm nuair a chonnac go rabhadar go dearbhtha tar éis a gcúl a thabhairt linn. Ocht longa dhíobh a bhí ann, mar atá, cheithre frigéid, dhá bhombketcheanna, brig agus coite. Husá! Vive la République! "*Thus far our arms have with success been crowned. For though we have not fought, yet have we found no enemy to fight withal.*" Husá! Husá!

XXXV.

ÉIRGHE—AMACH AR SIUBHAL I nÉIRINN

1798—MEITHEAMH 9 GO MEITHEAMH 30

Scéal ar ghabháil an Tighearna Eadbhard Mac Gearailt i mBaile Átha Cliath. An meas a bhí ag Tone air. Bás an Ghearaltaigh. Tone ag machtnamh ar a sheanchháirde. Dícheall d'á dhéanamh d'iarraidh go gcuirfeadh Rialtas na Fraince cabhair go hÉirinn. Luingeas na Fraince ar míthreoir. Cáineadh ar an dream Éireannach i bParis. Scéal catha agus troda ó Éirinn. Cómhrádh le Grouchy agus le Rivaud agus le Kilmaine. Neamhfhonn Rialtais na Fraince chun dul i bhfiúntar le dream beag a chur uatha. Tone i bhfeirg. Tuille nuachta ó Éirinn agus Tone do dhul d'á dheascaibh go Paris, chun dul chun cainnte leis an Árdchómhairle ann.

Meitheamh 9, 10, 11, 12.—Do léigheas ins na páipéir Fhranncacha indé cúntas mar do saoradh Artúr Ó Conchubhair san gcúirt ag Maidstone, agus mar do gabhadh arís láithreach é. Gan amhras tá beartaithe ag Pitt é chur go hÉirinn mar a bhfaghadh sé coiste ba ghéilliúla chun a dhaortha. Tugadh Ó Coigligh, an sagart, daor ; do réir deallraimh d'iomchuir sé ar fheabhas é féin, rud ná raibh coinne agam leis admhuighim ; glanfaidh a bhás a chlú. Do saoradh leis agus do scaoileadh Alley agus Binns agus Ó Laoghaire, an giolla. Taidhsigheann sé gur iomchuir an Conchubhrach é féin go sáirmhisniúil. Nuair a deineadh é d'athghabháil, do labhair leis na breithiúin 'ghá iarraidh go gcuirfaí go carcair éigin é i dteannta adhearthár a saoradh d'á dhála féin ar chúiseamh áirdtréasa, agus, d'á dhála, féin arís, do hathghabhadh san gcúirt féin. Do fhreagair an breitheamh, Buller, é go neamhmuinnteardha go raibh a chúram díobh san an túisce thugadar breith agus ná féadfadh an chúirt aon ní eile a dhéanamh san ngnó. Do hórduigheadh a bhreith do'n phríosún láithreach.

An glionndar a chuir buaidh an Chonchubhraigh orm do baineadh ar fad díom é beagnach le halt eile bhí san bpáipéar céadna, agus scéal ann gur gabhadh an Tighearna Eadbhard Mac Gearailt i

Sráid Thomáis tar éis dianchómhraic danardha 'nar goineadh go holc é féin, an giúistís, Swan, agus an Captaen Ó Riain, ceann an ghárda. Ní fhéadfainn innsint conus mar ghoill an fhaisnéis sin orm ; chuir sé treighid, lom láithreach beagnach im ghoile, a chonghaibh laistigh ó mhaidin mé. Is beag aithne bhí agam-sa ar an nGearaltach, ach bheirim onóir agus ómós d'á cháil, cáil gur sheasaimh sé riamh léi agus gur dhein sé a chruthú san iarracht deiridh seo. Nach suarach an dream le n'ais iad uaisle na hÉireann! B'fhearr liom gur mise an Gearaltach, fiú mar atá sé, gonta is uile i gcarcair, ná gur mé Pitt im cheann ar Impreacht Shasana. Is uasal an duine é ! Bíodh gur de'n chine is uaisle i nÉirinn é, agus a dhóthain saidhbhris aige, bainchéile álainn agus leanbhaí gleoite, agus a dheimhne aige beart bhreágh fé'n Rialtas d'fhagháil dá dtoiligheadh sé chun cabhrú leo 'na ngníomhartha, mar sin féin tá sé d'á thabhairt féin go huile ar son saoirse a thíre, agus tá gach ní curtha i ngeall aige leis sin, fiú fuil a chroidhe. Níl de shólás agam ach an tsúil atá agam ná fuil aon choir bháis le cur 'na leith ag a naimhde, agus go mbeidh ortha a gcuid uilc a shásamh 'na aghaidh le príosúnacht a chur air. Tá cathair agus conntae Bhaile Átha Cliath fógartha agus dlí airm i bhfeidhm ionnta. Nuair a áirmhighim é sin agus gabháil na ngunnaí le déannaighe i dtigh an Chléirigh le 'chéile, tá sé ag dul 'na luighe ar m'aigne go raibh beartaithe ag an nGearaltach an chathair d'ionnsuidhe. An fear bocht. Ní hé an chéad Ghearaltach é a dhein íospairt air féin ar son a dhúthaighe. Is iongantach an deallramh idir é, maidir le prionsabal agus conách, agus a dhuine sinnsir Tomás an tSíoda, le linn réimheas Hannraoi VII., gur baineadh an ceann de ar Thowerhill de dheascaibh iarracht chalma gan bhrí a thug sé chun neimhspleádchas na hÉireann a bhuadhadh thar n-ais. Go leigidh Dia nach é an íde tubaisteach céadna a bhéarfaidh fear uasal a shleachta. Is mór é m'eagla 'na thaobh, agus níl de shólás agam ach smaointe díoltais. Má dhoirteann a naimhde fuil croidhe an óigfhir chalma so ní haon díoltas suarach a shásóchaidh an Pobal, pé tráth thiocfaidh lá an chúntais. Ní fhéadaim innsint an confadh uilc atá orm tré bheith ar an uair seo chómh héidtreoireach is táim ; ach cad tá le déanamh agam ? Ná machtnuighim a thuille air má fhéadaim ; táim leath ar mire aige.

Meitheamh 13.—Timcheall a sé a chlog, tráthnóna indé, tháinig an namhaid i ngoireacht raon urchair beagnach do na gunnaí. Do cuireadh na díormaí ar cois láithreach, do téidheadh na fuirnéisí ach,

ó d'fhan an namhaid thar raon díobhála amach, ní thárlaidh pioc. Do scaoileamar dhá philéar nó trí ó'n mBatterie du Nord, ach ó thuiteadar taobh abhfus díobh d'éirigheamar as lámhach; níor scaoil an namhaid oiread is gunna agus do bhog leis ar a hocht. Ar maidin indiu ar a sé do múscluigheadh le glór cúpla gunna nó trí mé; chuireas orm go deifearach agus siúd liom chun na ngunnaí agus ba thúisce ann mé ná na gunnadóirí, ná aoinne dem chomrádaithe; bhí an namhaid, dála an tráthnóna roimhe sin, beagán fara achar urchair amach ó'n líne Do bhí cromtha ag na gunnabháid seo againn-ne ar chaitheamh, ach theip ortha; as céad piléar ar a luighead a caitheadh, ceann aca ní dheaghaidh ar bórd, bíodh go raibh díriú thar barr ar na gunnaí. Do réir mar bhreithnighim-se é tosnuighimíd ag caitheamh go ró luath ar fad. Tá gearán annso aca gur fearr an púdar Sasanach fé dhó nach mór ná an púdar Franncach. Mar sin féin caithimíd-ne leo-san trian eile slí breise ó bhaile. Do scaoileamar-na dhá philéar nó trí d'fhonn a chur i n-úil do na gunnabháid go rabhamar ann 'na gcabhair; ach ní raibh coinne ar bith againn an namhaid a shroichsint, agus ar feadh na haimsire níor dheonuigheadar san piléar freagartha a scaoileadh linn. Fé chionn leathuair a chluig do stadadh de'n lámhach agus bhog an namhaid amach. Ní ró mhaith a thuigim fáth an dá thuras san, araer agus ar maidin indiu. Tá sé anois ar a haondéag A.M. agus tá coinne arís againn leo le taoide an tráthnóna; B'fhéidir an uair sin go bhfeicimís rud éigin.

Táim tar éis bheith ag áireamh uimhir mo charad im aigne mar aon leis na fir eile gurbh bheag é mo choidreamh ortha ach gur mór é m'ómós dóibh. Ar éigean atá duine aca ná fuil nó ná raibh ar deoraidheacht nó i bpríosún agus i mbaoghal a bhásaithe. Tá ar dtúis an Ruiséallach agus Emmet, an dá charaid is mó agam, i gcarcair i láthair na huaire, le coir a mbásaithe. Tá fé ghabháil, fós, Mac Cnáimhín agus S. Sweetman, mo sheanpháirtithe i gcúis na gCatoiliceach; Eadbhard Mac Gearailt, Artúr Ó Conchubhair agus Ruaidhrí, daoine, agus bíodh gur bheag é m'aithne ortha ní lughaide é sin mo mheas ortha; Sampson, Bond, Mac Siachais, agus a mhac táid fós fé ghlas; Roibeárd agus Liam Simms, an bheirt is mó a chuir comaoin cáirdeasa riamh orm, nílid ach tar éis a scaoilte; Mac Néighill, Hazlitt, Mac Reachthain mar an gcéadna; Mac Cormaic teichte; an Ruadhánach agus an Dr. Mac Rághnaill i nAmerica; Lewines, Tennant, Ó Labhradha, Hamilton, Taoiling, Tandy, ⁊rl., agus tuille fós, gur bheag é mo choidreamh-sa ortha ach

nach foláir dom a thuigsint gurbh é a ngrádh d'á dtír a tharraing an mí-ádh ortha ; agus mo mhuinntir féin d'áireamh 'na measc agus iad scaipithe san bhFrainnc, san nGearmáin agus i mballaibh nach iad. Tá Stokes fé mhíochlú le hamhras é bheith neimhchionntach. Is duairc an t-áireamh do dhuine a dhéanamh é. Ar m'aitheantas polaitidheachta uile ní fheicim go ndeaghaidh saor ach Mac Eochaidh agus is míorbhailt liom conus a thárlaidh an t-ádh dochreidthe sin air.

A deich a chlog istoidhche. Táim le dhá uair a chluig ag na díormaí ordnáis, ach ní leomhann an namhaid teacht ró chómhgarach. Is róthuirsiúil an rud é bheith ag síorshúil le hionnsuidhe agus tá ag dul de'n fhoidhne agam. Do bhíos láindeimhnitheach, beagnach, anocht go mbeadh 'na chath eadrainn, ach ní thárlaidh pioc. Léan ortha, táim cráidhte aca! *"My soul's in arms and eager for the fray,"* agus ní thiubhraidh an namhaid an chaoi dhom, rud nach cineálta uaidh. Ní hamhlaidh go bhfuil aon dúil mhallaithe agam chun scrios a dhéanamh air siúd; mar is é dála Pharson Adams agam é, *"I would not have the blood, even of the wicked upon me."* Dála an scéil, ba cheart dom a rádh gur iad gunnadóirí na cathrach is díoghraisighe, b'iad súd is túisce bhí ar na gunnaí ar maidin, agus chonnac 'na measc cuid mhaith *collets noirs* (lucht ríreachtais) agus dar leat ortha níorbh fhearr leo rud ná tosnú ar an gcannóndóireacht. Is amhlaidh atá, gur dream mórghlonnach iad na Franncaigh, agus maithim, thar ceann a gcalmacht, do na *jeunes gens*, cuid mhaith d'á ngliogaireacht agus d'á ndíth céille. Maidir liom-sa, bhíos-sa ar mo chlaidhe cosanta anáirde, agus ní fhéadfainn gan gáire dhéanamh fém thagarthacht féin, nó cuid Sheridan is dóigh, ar chainnt Acres a tharrang chugam 'na aithfhriotal as *The Rivals* : *"Oh, that I were at Clodhall now, or that I could be shot before I was aware."* Allons! Misneach! Vive la République!

Meitheamh 14, 15, 16.—Dheineas cómhrádh ag an gcomédie araer ar an gcor atá an ár ngnóthaí, leis an dTaoiseach Kilmaine, atá annso le dhá lá, is ní mór an misneach atá d'á chionn orm. Thagair sé ar dtúis do'n leitir a chuireas, Bealtaine 26, chuige ag tairgsint dul do'n India. Dubhairt sé nár fhreagair í mar, de bhrí nár innis an Árdchómhairle dhó cad chuige an feachtas san Toulon, go gceapfaidís dá dtugadh sé an tairgsint thar mo cheann gur ag taighde eolais a bheimís ; ach, san am gcéadna, ná dearmhadfadh sé é agus go luadhfadh sé é, dá bhfaghadh caoi oiriúnach chuige. Dubhart-sa nár rud é a bhíos a thathant ortha, ná tábhacht nár

thuill sé d'á chur agam leis, 'na láthair; ní raibh uaim-se ach a rádh leis an Rialtas, dá mba dhóigh ná déanfaí aon ní san Eoraip, agus go dtiúbharthaí iarracht fé'n India, agus dá gceapaidís san gcúinse sin go ndéanfainn-se aon áis go mbeinn ullamh chun gluaiste i gcionn lae. Dob é freagradh an Taoisigh Kilmaine nárbh fhada go bhfeicimís cad é an fuadar a bhí fé Bhuonaparte; go raibh, san am gcéadna, armáil bhreise d'á hullmhú i dToulon, dhá luing líneagair agus roinnt frigéidí agus loingeas iomchuir, agus, má b' i gcómhair an India é sin, go bhféachfaimís cad a bheadh le déanamh.

Tháinig ó'n gcainnt sin, dar ndóigh, gur thráchtamar ar an bhfeachtas mór i n-aghaidh Shasana nó na hÉireann, agus dar liom-sa do réir scéil Kilmaine, níl an deallramh is lugha ann go mbacfar i n-aon chor leis. Tá an Earnáil Luingseoireachta ar míthreoir thar fóir; is amhlaidh, i ndeireadh a réimheasa, gur bhain an tAire deireannach, Pléville Lepelley, na gunnaí as an luingeas líneagair go léir, i dtreo, nuair bhí an Árdchómhairle 'ghá bhrostú ná raibh aon ní ullamh, agus d'á dheascaibh sin, tar éis mí de chorchleasaidheacht, b'éigean do a phost a thréigean. Dubhart-sa gur mhó an iontaoibh a bhí agam as an Aire seo anois, as Bruix; nách eadh amháin gurbh fhear mór tallann agus díchill é, ach go raibh ceangal onóra air dul chun cinn leis an bhfeachtas tar éis bheith chómh dlúthpháirteach san san gceann roimhis, agus a naimhde 'ghá rádh go haimhdhíreach go raibh cionntach san droichchríoch a chuaidh air, agus gur cóir go ngriogfadh san chun móirdhíchill é. Dubhairt Kilmaine gurbh fhíor san uile, ach cad d'fhéadfadh Bruix a dhéanamh? Ar an gcéad chás ní raibh aon airgead aige; farais sin, bhí púdarlanna Bhrest folamh, agus na stóir a bhí i mbailte cuain eile ní fhéadfaí a dtabhairt annsúd de bhíthin nirt na namhad ar muir, a chuir glas ar gach cuan; agus, mar chríoch scéil, ar an gceathairdéag de luingeas líneagair a bhí i gcuan Bhrest, ní raibh ach trí cinn i dtreo chun fairrge; ar bheith do'n Rialtas gan eolas, de dheallramh, le linn deireadh réimheasa Phléville Lepelley 'na Aire, ar an gcor a bhí ar an Luingeas thugadar órdú dho féin (Kilmaine) an armáil d'ullmhú; d'á bharr san gur chuir sé 17,000 fear chun siubhail i dtreo an chósta, agus go rabhadar annsúd ó shin, mar atá: sé leithbhriogáid troightheach, cipe amháin dragún, cipe husár agus cipe seasúirí, i dteannta an lucht ordnáis: ach ná raibh aon deallramh ar an Earnáil Luingseoireachta go raibh pioc d'á dhéanamh aca."

D'fhiafruigheas an bhféadfadh a innsint dom cad a bhí beartaithe ag an Rialtas i dtaobh *cadres* na gcipí a cheap an Taoiseach Hoche do'n fheachtas cheana, agus an gcuirfaí na hÉireannaigh atá anois i bParis ionnta ? Dubhairt sé gur luaidh sé fiche uair le lucht na hÁrdchómhairle é ; ná raibh go ceart aon údarás dlí leis na *cadres* úd agus dá n-éirigheadh ceist 'na dtaobh b'é a thiocfadh as ná a gcur ar ceal láithreach ; dá dtéigheadh an feachtas chun cinn go socróchaí an scéal ; ach, idir dhá linn ná féadfaí aon ní a dhéanamh ó bheith do'n bhuinreacht go mór i n-aghaidh eachtrannaigh d'fhostadh, agus gur bhain éad chómh mór san leo gurbh éigean do'n Árdchómhairle diúltú do chipe husár a thairg na CisAilpínigh dóibh ; rud ba chuimhin liom féin agus, dar deimhin, ni cháinim na Franncaigh toisc gabháil le prionsabal atá chómh réasúnta ann féin. Dubhart annsan go raibh an scéal go dochraideach ag na fearaibh óga san i bParis agus gurbh eagal liom muna ndeintaí rud éigin dóibh go mbeidís i dteannta dian. Dubhairt sé gur thuig sé mar bhí ; san am gcéadna nárbh aon chreidiúint dóibh féin ná d'á dtír an t-iomchur a bhí fé chuid mhaith d'Éireannaigh Pharis. Ná raibh le clos 'na measc ach cáinseoireacht, agus má b'fhíor ráidhte gach duine fé leith aca ní raibh san gcuid eile aca ach cneamhairí San am gcéadna bhí rud amháin ar mhaithe leo ; nach ar a son féin a iarradar aon ní go dtí so agus, ar chuma, gur shaor san ar dhroch-cháil iad—ach amháin duine dárab ainm Ó Finn a thaidhsigh a bheith 'na chluanaire ; gur iarr Tandy cabhair chómh maith, agus, ó chreid sé féin (Kilmaine) go raibh an seanduine bocht i ngreim, gur chuir sé a ainm le páipéar go dtí an tAire Cogaidh d'á iarraidh go ndéanfaí é d'fhostadh ar ghnó éigin. Dubhart-sa gur mhéala liom an scéal a thug sé dhom ar iomchur mo lucht cóimhthíre, rud go raibh beagán d'á dheimhin agam nárbh aon scailéathan a bhí 'na thaobh aige, mar gur cáineadh mé féin go minic agus gan de chúis chugam, dar mo choinsias, ach an céim a bhí agam i nArm na Fraince, agus gur dhoigh é sin go croidhe ionnta-san ; gurbh é mí-ádh a bhain dóibh ná iad a theacht do'n Fhrainnc agus aidhm ró árd fútha ; i n-ionad an céim cómhachta ba leo ameasc na ndaoine san mbaile go rabhadar gan chómhacht ar bith san bhFrainnc, agus gur chuir san searbhas ortha, agus b'é ba shásamh droichmhéine dhóibh bheith ag spídiúchan fé 'chéile. D'fhiafruigheas de'n Taoiseach annsan dá ndeintaí síothcháin choitchionn agus go dtárlóchadh, mar bharr donais go bhfágfaí Éire fé ama Shasana, ar dhóigh leis an bhfóirfeadh Rialtas na Frainnce ar na tír-

ghrádhthóirí Éireannach, d'fhulaing oiread san thar a gceann, agus a dhein áis mhór do'n Phoblacht de bhítin an fhiarlaoid nirt a bhain d'á ndeascaibh do Shasana agus ar chaith sé d'fearaibh agus d'airgead d'á sárú, gan an Fhrainnc a bheith scilling caillte leis ; agus luadhas sompla Shasana tar éis athghairm eascaire Nantz, a dhein fearadh mórfháilte agus caomhnadh do na Protastúnaigh Franncacha agus gan leath oiread fáth leis agus bheadh leis an scéal so. Do fhreagair an Taoiseach, dá mba mar adubhart-sa a bheadh, nárbh fholáir leis nó dhéanfadh Rialtas na Frainnce gach arbh fhéidir ar son na dTeichmheach Éireannach. Dubhart annsan leis go raibh sé im aigne an mbeadh sé 'na ocáid áiseach chun socraithe a dhéanamh ar na hoileáin i mbéal Mhurascaill Bheinéise, sé sin Corfú, ⁊rl ? ná rabhas ach 'ghá tharrang chuige mar scéal chun go mbeadh sé ag cuimhneamh air, agus ná raibh aon tuairimí cinnte agam féin 'na thaobh. Dubhairt sé go ndéanfadh machtnamh air agus b'in deireadh cainnte againn. Scéal míodhóchais thar fóir é sin uile. Táim fé mhionn, ámh, gan dul i n-éadóchas. Is é mo nath suaitheantais é de shíor, ach muna mbeadh é sin níorbh eol dom cad a dhéanfainn sa ló so indiu.

Ocht lá fichead indiu ó ghluais Buonaparte ó Thoulon, agus níl de scéal cinnte ó'n Meánmhuir ar fagháil ach go bhfuil sé long líneagair ó Shasana agus cheithre cinn ó'n bPortingéil (luingeas Portingéalach iad san) de bhreis tagaithe ar chabhlach an Tighearna St. Vincent ; gur fhág sé ocht n-árthach déag ag iomdhruidim Chadiz agus gur chuir Columhna Earcail de le cabhlach sé long déag, rogha a chabhlaigh, dar ndóigh ; má's fíor san, agus má castar ar chabhlach na dtrí long déag Franncach é go bhfuil tionnlacan iomluchtaidh mhóir mar chúram ortha, sin deireadh le feachtas Thoulon, cuir i gcás féin, rud nár dhócha dar liom a bheith i gceist, go raghadh na Franncaigh d'aindeoin a laige, gan madhmadh iomlán a thabhairt ortha. Nach é an scannradh é.

Mo dhearmhad ná dubhart gur innis an Taoiseach Kilmaine go ndeaghaidh iomcháineadh na nÉireannach chómh fada leis an Rialtas féin, agus gur laguigh san, dar ndóigh, a meas súd ar an náisiún ; dubhairt sé, ámh, ná raibh Lewines i gceist, agus is áthas croidhe liom é. Níor fhiafruigheas de conus mar bhí maidir liom féin.

*Eanár** 17, 18.—An nuacht a fuaireas ar maidin, cuid di ins na páipéir agus cuid di i leitreacha ó'm mhnaoi agus ó'm dheartháir

* ? Meitheamh.

is tábhachtach thar barr é. Fé mar cheapas bhí an Gearaltach bocht calma ag beartú an phríomhchathair d'ionnsuidhe agus bhí san le déanamh beagán laethe tar éis an lae a gabhadh é. Do cailleadh ó shin san bpríosún é; sin deireadh fé ghlóire le n-a réim féin, agus, pé ní thiocfaidh, mairfidh a chuimhne go bráth i gcroidhe gach Éireannaigh mhacánta. Ba chalma an duine é. Maidir linn-ne, atá fós abhfus, agus a leanfaidh, b'fhéidir, go luath é, níl caoineadh ab fhearr dúinn a dhéanamh air ná tabhairt fé n-a dhíoghailt. Ameasc na bpáipéar aige fuairtheas, de dheallramh, plan an éirghe amach, an forógradh a bhí le foillsiú, agus roinnt eile, agus tré n-a mbíthin sin gur nochtadh cuid de threoraithe an Phobail, a chuaidh ó amhras go dtí so, a bheith rannpháirteach san ngnó, agus do gabhadh cuid mhaith díobh. 'Na measc san chím Tomás Braghall; Lawless, Mac Tighearna Chluanachoire; Ó Curráin, Mac an Adhbhacóidigh; Chambers, agus P. Ó Broin, clódóirí, agus mórán eile nach cuimhin liom. Do bhrostuigh an méid sin, agus bás an Ghearaltaigh an gnó go léir; tá tosnaithe dáiríribh ar an éirghe-amach i roinnt de chonntaethe Laighean, go mórmór i gCill Dara agus Loch gCarman; tá an fios go neamhchruinn ins na páipéir Fhranncacha, ach chím go dtárlaidh cuid mhaith bruigheanta. Do bhí bualadh ar siubhal ag Mainistir Eimhin, i Nás, i gClaonadh, agus i gCorachoill, na trí cinn deiridh sin im sheandúthaigh féin, agus, mar is gnáth i dtosach riamh, is leis an arm a bhí an bhuaidh; i gCorachoill thánathas anoir dtuaidh ar an gCork Militia agus do buadhadh ortha. Nach iad na cneamhairí iad agus bheith fé arm i n-aghaidh a ndúthaighe féin. Tá Cillchuilinn 'na ghríos; i gCeatharlach, do marbhuigheadh ceithre céad Éireannach deirtar; i nDísirt Diarmada, do marbhuigheadh caoga; 'na choinnibh sin, i gConntae Loch gCarman, an áit is treise iad, de dheallramh, bhuadhadar ar dhream sé chéad Sasanach, mharbhuigheadar trí chéad agus an Fear Ceannais, an Colonel Walpole; agus ghabhadar chúig cinn de channóin. D'á luighead é sin mar bhuaidh tabharfaidh sé misneach do na daoine agus léireochaidh sé dhóibh nach fearr de chosaint cóta dearg ná an ghlascaorach. Ag Ráth Maonais tugadh bualadh le marcraidh mar ar buadhadh ar Éireannaigh, go rugadh ar bheirt d'á dtreoraithe, Ledwich agus Mac Eochaidh, agus gur cuireadh chun báis láithreach iad, is dóigh. Is róbhaoghal liom gurab é an dara duine sin ná Conchubhar mac críona mo charad S. Mac Eochaidh, agus buachaill bríomhar; má's é é beidh cathú 'na

dhiaidh orm ; ach nach mó san duine fónta eile a caithfar a íobairt, sula gcuirtar leas na hÉireann ar bun ! Do crochadh an Dochtúir Mac Easmoinn agus ochtar uaisle eile óm chonntae-se ; i nAonach Urmhumhan gabhann na Sasanaigh de laisc ar na daoine is creid-iúnaighe nó go mbíonn a gcuid fola 'na linnte cró. Níl de shárú ar bharbardhacht a ndroichiomchuir ach an díth céille a bhaineann leis ; níor cuireadh riamh aon éirghe-amach fé chois ar an nós san. An ocht míle déag duine go ndearnaidh Alva íospairt ortha san Ísiltír i rith cúig mblian, agus ar an gcroich, níor bhac sé saoirse na Hollainne ar theacht. As fuil gach mairtírigh d'ár marbhuigh-eadh ar son saoirse na hÉireann fásfaidh, tá súil agam, na mílte a dhéanfaidh iad a dhíoghailt. I lár an bhachraim seo go léir tá deallramh fónta ar rud amháin. Ní chuireann Rialtas Shasana le déannaighe aon chúntas cruinn amach ach a rádh i gcoitchinne go raibh gach ní go maith agus go mbeidh deireadh leis an éirghe-amach fé chionn beagán laethe ; ar an am gcéadna táid ag daingniú an Pigeon House, i mBaile Átha Cliath d'fhonn go mbeadh loc dídin ag an Rialtas, dá dtagadh an t-olc, agus ní mór de dheallramh luaithchríche ar an éirghe-amach é sin. Sin suim na scéal mar is cuimhin liom agus is mór is tábhachtach iad. Cad a dhéanfaidh Rialtas na Frainnce i láthair an scéil sin ? Níl dul chun cinn gan a gcabhair, d'aindeoin gach ní : mar níl d'fhearas ag na hÉireann-aigh ach a iomadúla táid agus a neamheaglaidhe—fearas tréan gábhtarach iad san, dar ndóigh, ach nach aon bhrí iad gan airm agus lón lámhaigh, agus gur eagal liom gur beag é a gcuid díobh san. Tá arm 60,000, ar a luighead, d' fhearaibh smachtoilte le sárú aca mar, mo náire agus m'aithis go bráth iad, tá militia agus yeomen na hÉireann d' aon aontadh leis na Sasanaigh ag snaidhmeadh na slabhraí ar a ndúthaigh, agus rud a chrádhann mo chroidhe, chím ortha san cuid dem sheancháirde ; an Gríobhthach agus a chuid yeomen, cuir i gcás, i gconntae Chill Dara, agus an Pluncéadach i dtigh na Feise. B'fhéidir go mbeadh a chathú fós ortha a gcáil agus a gcuid tallann a thruaillíú go táir mar sin. Má thagann lá an díoghaltais choidhche, agus ní foláir nó tiocfaidh, dar liom, déan-faidh fíoch díchoiscthe an Phobail íospairt gan truaighmhéil ortha, agus ar na mílte dúnmharbhthóirí eile mar iad. Cad tá anois agam a dhéanamh ? Fillfidh an Taoiseach Bethencourt anocht agus dar leat ar na Sasanaigh seo nílid ag beartú feasta aon ionn-suidhe a dhéanamh ar an mbaile cuain seo, agus mar sin ní miste m' onóir mé d'imeacht. Iarrfad órdú chun dul go dtí an Taoiseach

Kilmaine i Rouen agus nuair a bheam annsan féachfam a thuille.

Meitheamh 19.—Ar a cúig an tráthnóna so ghluaisigheas chun Rouen tar éis ceileabhradh araer do'n Taoiseach Bethencourt a bhí lághach thar meon liom. Do shroicheas annso ar a cúig tráthnóna agus chuas chun an Taoisigh Rivaud. Tá an Taoiseach Kilmaine, leis, tagaithe agus mar sin chífead amáireach é. Tá, leis, annso an Taoiseach Grouchy a bhí i gceannas an *Armée Expiditionaire* i gCuan Bheanntraighe, duine gur mhór mo ghean do. Do bhí leitir scríobhtha agam dhá lá roimhe sin chuige ó Havre ag tréaslú dhó ceannas na marcraidhe a bheith fachta aige san arm i gcómhair Shasana. Deir Rivaud liom gur cúis áthais leis a chlos gur fostuigheadh mé féin agus go raibh ar aigne a iarraidh go mbeinn-se im Thaoiseach Conganta aige agus is áthas liom san, agus fátha go leor agam leis. Raghad chuige féin agus chun an Taoiseach Áirdcheannais maidin amáireach. Níl scéal ar bith fós ar fheachtas úd Thoulon—ní féidir a thuigsint.

Meitheamh 20.—Indiu lá cuimhne mo bheirthe. Táim chúig bliana triochad indiu ; sin breis is leath mo réim shaoghalta caithte agus nach beag atá déanta fós agam. 'Seadh ní le neamhfhonn é. ná, dá n-abruighinn é, 'cheal iarrachtaí a thabhairt. Do bhí súil agam dhá bhliain ó shin go mbeadh, san tráth go bhfuil so agam d'á scríobhadh, mo dhualgas dom dhúthaigh cóimhlíonta agam agus scéal na hÉireann socair mar seo nó mar siúd. Is éideimhnighe indiu ná riamh é. Dar liom, ámh, níor mhiste dhom a rádh ná tugas failligh i n-aon chéim ba dhualgas dom agus leanfad dá réir sin go deireadh na scríbe.

Do chuas ar maidin go dtí an Taoiseach Grouchy—fuaireas lán de dhúthracht é d'ár ngnó-na ; tá gach mionfhaisnéis léighte aige agus é ag trácht ar dhul go Paris i gcionn cúpla lá nó trí chun an gnó a thathant ar an Árdchómhairle. Is é cheapann sé ná dul ar bórd chorbhéidí agus príobhaidéiri Nantes; dar leis do thoillfeadh 3,000 fear agus 20,000 muscaeidí ionnta san agus ar a chainnt do ceapfaí go raibh fonn air a iarraidh go gcuirfaí é féin i gceannas an armála bhig sin. Cad é ná tiúbhrainn go n-éireochadh leis san iarratas. Dheineas iarracht uair ar áis a dhéanamh do'n Taoiseach Grouchy nuair a chonnac tromaidheacht éagcórach d'á dhéanamh air tar éis casta ó Chuan Bheanntraighe agus dar leat air is cuimhin leis é sin, mar ní fhéadfaí bheith níos cáirdiúla ná níos grámhaire ná mar bhí sé liom-sa indiu. Do thráchtamar ar an

bhfeachtas cheana. Dubhairt sé gur shil sé deora le feirg agus le cráidhteacht céad uair ó shin ar chuimhneamh do ar an gcaoi a cuireadh amú air; agus bhí aon rud amháin ná maithfeadh sé choidhche dho féin—ná rug greim bóna ar Bhouvet agus a chaitheamh thar bórd an chéad nóimeat d'ár thagair do dheacraí bheith i n-aghaidh dul i dtír. Do luaidh sé, leis, é bheith ar intinn a iarraidh go dtiúbharthaí mise im Thaoiseach Conganta dho, rud a thaithnigheann go mór liom; agus dubhairt, ó cheap sé go mbeadh sé i gceannas an cheathrú ranna de'n arm i gcómhair Shasana, i dteannta ceannas na marcraidhe a bheith aige, go mbeadh Nantes laistigh d'á údarás, i gcás, dá dtaithnigheadh a thairgsint leis an Rialtas, go mbeadh sé ar an bhfód chun ár mbeartú-na a chur chun cinn, agus san uair gcéadna chun taispeánadh mór a dhéanamh ag Brest agus i n-ionada eile, d'fhonn mearaidhe dhéanamh de'n namhaid. Is deimhin go mbraithim an dúthracht agus an díoghrais chéadna ann agus bhí le linn an fheachtais cheana; agus measaim 'na scéal ádhmhar dom féin mé bheith i gceangal leis.

D'imigheas ó'n Taoiseach Grouchy ag triall ar an Taoiseach Áirdcheannais Kilmaine, agus dubhart leis, ó bhí rudaí mar bhí, agus go mórmór ó nár dhócha gó dtárlóchadh aon ní i Havre, gur thuigeas gurbh é mo dhualgas teacht 'na dháil féin d'fhonn a órdaithe d'fhagháil. Dubhairt sé go ndearna mar ba cheart ach ar an am gcéadna gurbh oth leis a innsint dom gurbh bhaoghal ná déanfadh an Rialtas aon ní, agus do léigh leitir ó'n Aire Luingseoirreachta dhom a bhí fachta an mhaidean so féin aige, 'ghá rádh, toisc an bharraidheacht mhór nirt chabhlaigh a bhí ag an namhaid ortha, agus a dheacra éalódh ó aon 'bhaile cuain le linn tréimhse na soininne, go raibh beartaithe ag an Árdchómhairle an gnó a chur ar athló go tráth éigin ba chaoithiúla. Do bhris ar m'fhoidhne leis sin agus dubhart leis go mb'ionann athlá agus an gnó bheith caillte. Muna ndeintaí freastal ar an ócáid a bhí ann go mbeifaí ró dhéanach; gur ar éigean a cheapfainn go bhféadfadh na hÉireannaigh seasamh agus uireasbhaidh gach ní ortha ba riachtanach chun cogadh a chothú i n-aghaidh cumais Shasana, go mórmór nuair a chífidís ná raibh an Fhrainnc ag déanamh ní ar bith chun teacht i gcabhair ortha; go rabhadar go dtí san dílis do chúis na Frainnce agus, cé gur beag ab fhéidir dóibh a dhéanamh di, gur fhulaingigheadar leorchuid; ach cia gheobhadh a rádh, ná a cheapadh, go mairfeadh an dílse sin, dá bhfeicidís san gcúinse láithrigh seo gur fágadh ar a n-ádhbhar féin iad; gurbh é seo an tráth chun cabhraithe leo—ba

ró dhéannach i gcionn ráithe é, b'fhéidir, agus an sluagh a cuirfaí an uair sin ann tar éis na hÉireannaigh a bheith claoidhte roimhré, ná faghaidís aon chabhair rómpa agus go ndéanfadh na Sasanaigh iad súd, leis, a chlaoidhe annsan. Dubhairt an Taoiseach Kilmaine gur léir do féin é sin chómh maith liom-sa; ach cad d'fhéadfadh a dhéanamh ? Do dhein sé tathant arís agus arís eile ar an Rialtas 'na thaobh; ach b'eagal leo dul i mbaoghal beagshlógh de thrúpaí na Poblachta a dhísciú, agus ní thiubhraidís fé'n ngnó ach i ndáil móirnirt. Do thaispeáin sé annsan dom dhá shreath plan a bhí ullamh aige, ceann aca i gcómhair longghábháil 17,500 fear, agus an dara ceann i gcómhair 9,500 agus iad araon curtha le n-a *aid-de-camp* go Paris aige, agus é ag súil le n-a fhilleadh sin ar ais. Dubhart go mba mhór é m'áthas dá nglactaí le ceachtar aca ach gur léir dom iomad constaicí san tslí, agus gurbh é mo thuairim riamh go mb'fhearr 5,000 d' fhéadfaí a chur ann ná 50,000 ná féadfaí. Dubhart, fós, go mba mhó dob fhearr, b'fhéidir, leithbhriogáid luathtroightheach agus dhá chomplacht nó trí de luathordnás i láthair na huaire seo ná 20,000 fear sé mhí ó indiu. Do bhain crothadh as a cheann, agus dubhairt gur dheimhin leis ná beadh an Árdchómhairle sásta aon iarracht a thabhairt a bheadh chómh lag san. Thug sé annsan na páipéir Franncacha dhom agus, tar éis coinne dhéanamh bheith ar dinnéar leis, scaramar.

Chím ins na páipéir, de'n chéad rud, gur bhain mo chara, an Taoiseach Hédouville, St. Domingo amach slán, agus is mór an t-áthas dom san : mar ní dhearmhadfad choidhche a chineálta bhí sé liom ar chasadh go Paris dom tar éis bháis an Taoisigh Hoche—Hoche bocht. Is anois a bhraithimíd uainn a cháirdeas agus a chómhacht ! Dá maireadh súd bheimís i nÉirinn i gcionn mí, muna mbeireadh sé leis ann ach a État Major ar bórd báid iascaigh. Is eagal liom tar éis an tsaoghail nach furus dúinn a shamhail eile d'fhagháil.

Chím, leis, go bhfuil mo chara Daendels tar éis casadh ar an Hague fé chaithréim mar a bhfuil an Árdchómhairle Dhuitseach réabtha 'na smidiríní aige, an Rialtas scaipithe agus ceann nua ceapaithe agus é féin i gceannas air sin. Le toil Rialtais na Frainnce an méid sin, dar ndóigh, agus, de dheallramh, is le toil an Phobail Duitsigh, leis, é. Tá aithghairm déanta ar Charles De la Croix a bhí 'na thaca ar an Árdchómhairle do briseadh agus tá an Taoiseach Joubert, a bhain leis an dream eile, feasta i gceannas ar armáil na Frainnce san Hollainn. Ní ró léir dom fáth gach gnímh díobh ;

tá agam, ámh, muinghin mhór as Daendels, agus le fírinne a rádh, tá de mhéid m'imnidhe i dtaobh na hÉireann ar an uair seo gur beag é m'aga-sa ná m'fhonn chun polaitidheachta dúithchí eile.

Do cuireadh Ó Coigligh chun báis, agus d'fhulaing go cródha é! Má shroichim-se choidhche Éire is go mbuaidheam ár saoirse is mé an chéad duine a mholfaidh leacht cuimhne a thógáil do; dhein a iomchur, le linn a bháis, gach ní a ghlanadh. *"Nothing in his life became him like the leaving of it."*

Pamela bhocht—tá sí i Lonndain, agus fógradh aici bheith amuich as fé chionn trí lá. An oidhche do gabhadh a fear bhí sí i dtinneas clainne agus—an gcreidfar feasta é—ní fhéadfaí fear leighis d'fhagháil i mBaile Átha Cliath go mbeadh de mhisneach ann dul d'á fóirithin. Na cuirbthigh! Na cneamhairí meathta, barbarthacha! Beanuasal nár de lucht a haitheantais, is í d'fhóir uirthi le linn a baoghail. Ní dóigh liom go bhfuil a shamhail de míodhaonnacht i stair an tsaoghail. Tá brón gan faoiseamh uirthi tré bhás an Ghearaltaigh. Do chreidfinn go maith é—an créatúir álainn míádhmharach! 'Seadh, má's buaidh d'Éirinn é—beidh a cion féin aici-sin de'n bhuaidh agus de'n díoghaltas.

Tá ann, leis, fé cheanntideal "Phortláirge," Meitheamh 2, alt a bheir sásamh mór dom mar gur promhadh é, d'aindeoin bháis, agus díbeartha, agus gabhála an oiread san de threoraithe na nÉireannach go bhfuil go leor díobh fós ar fagháil chun a ngnóthaí a stiúradh agus chun an treoir a chur fútha ab eagal liom a bheith i n-easnamh ortha. Sliocht atá ann as Forógradh an Choiste Cheannais, mar a tugtar air ins na páipéir Franncacha. Trí airtiogail atá ann. An chéad cheann 'ghá iarraidh ar Éireannaigh, atá i gcéin ó n-a ndúthaigh, filleadh um a luaithe, nó, muna féidir sin, gach congnamh 'na gcumas, i bhfuirm airgid nó eile a chur uatha mar chabhair d'á gcóimhthírigh chun daorsmacht Shasana a chur díobh. An dara airtiogal 'ghá chur de cheangal ar gach Éireannach atá i seirbhís na Breataine í thréigean láithreach, nó a gceart, maidir le cathardhaigh Éireannach, a chailliúint. Gach Éireannach atá i seirbhís na Breataine fé láthair i nÉirinn agus go mbéarfar air i bhfeidhil airm, a lámhach san gan fuireach. San treas cheann tá geallúint solamhanta sochair do gach saighdiúir agus mairnéalach a thréigfidh an namhaid chun teacht fé bhrat a ndhúthaighe féin: gach long go mbéarfaí uirthi a tairbhe bheith ag lucht a gabhála, agus rogha a thabhairt, le linn sealbhachas

náisiúnta bheith d'á roinnt, do dhaoine dhein beart do réir an fhorógartha so.

Is tábhachtach thar barr iad na trí airtiogail sin mar gur cómhartha iad go bhfuil údarás rialta éigin ameasc na nÉireannach. Is aisteach go bhfuilid, focal ar fhocal beagnach san meanram a chuireas i láthair na hÁrdchómhairle Feidhmiúcháin, dhá bhliain ó shin. . . . Dob fhonn liom a fheicsint cad é toradh bheidh ortha. Is déannaighe fé dháta é ná aon nuacht ó Éirinn a chonnac fós. Go dtí so fós tá an militia, dála na yeomen, i gcabhair do'n namhaid agus gur náire shíorraidhe dhóibh sin. Má sheasuigheann na hÉireannaigh fód go teacht geimhridh is maith an dóigh liom go dtiúbhraidh na Franncaigh cabhair éifeachtach dóibh. 'Sé m'aon eagla go gclaoidhfar iad sula dtagaidh san. Nach é m'aigne tá buartha ar an uair seo? San ngnó so uile ní fheicim focal i dtaobh an Tuaiscirt agus gur iongnadh thar innsint liom san. An eagla atá ortha? An atharrach tuairime a tháinig dóibh? Cad is bun leis an ngéilleadh tláth so aca atá chómh mór ar neimhdheallramh leis an díoghrais is an fuinneamh a bhíodh ionnta? Is cuimhin liom an ní adubhairt Digges liom féin is leis an Ruiséallach cúig nó sé bliana ó shoin. "Má múscluightar Leath Mogha choidhche b'fhearr liom duine amháin ó'n Deisceart ná fiche fear Thuaidh." Fear mór céille agus géaraidheachta dob eadh Digges. Americánach ab eadh é agus ní raibh leithleachas le cúige ná logán aige. Ar thuairim le ceart aige é? Is gearr go 'nneosaidh an aimsir dúinn é. Má's mar siúd a bhíonn nach mór an díombáidh dhómh-sa é agus a raibh de ghradam adhmholta riamh agam do'n Tuaisceart, agus go mórmór do Bhéal Feirste. Ní féidir go mbeidís tagaithe ar atharrach prionsabal; is amhlaidh atá, ní foláir, go bhfuil cúrsaí éigin ann ná leigean dóibh, go fóill, beart ar bith a dhéanamh.

Meitheamh 20 *go* 30.—De bhíthin an nuachta bhí tagaithe go déannach ó Éirinn, bheartuigheas go raghainn go Paris, agus fuaireas cead coighcíse ó'n Taoiseach Kilmaine. Táinig m'Adjoint, an cathardhach Favory, chugam ar maidin an lae tar éis teacht dom, d'á innsint dom gur chuir an tAire Cogaidh órdú uaidh mise a theacht go Paris um a luaithe. Do chuas chuige d'á bhrí sin. Dubhairt sé liom gurbh é an tAire Luingseoireachta a bhí am iarraidh, agus san am gcéadna, thug sé leitir aitheantais dom 'na chómhair.

[*Ní heolach gur scríobh Theobald Wolfe Tone aon dialanna tar éis deireadh an Mheithimh*, 1798.]

XXXVI

BÁS THEOBALD WOLFE TONE

Scéalta práinneacha ó Éirinn. Ullmhúchán nua san bhFrainnc. Díth gach córach chun brostaithe. Sluaighte beaga le cur anonn. Feachtas Humbert. Feachtas Hardy. Cath i mbéal Locha Súiligh. Tone gabhtha ag a naimhde. Tone ós cómhair na Cúirte Mileata. Breith báis air. Iarratas Uí Churráin fé bhrághaid Chúirt Bhinnse an Rí. Na leitreacha deiridh do scríobh Tone. Tone marbh.

[*Níor scríobh Theobald Wolfe Tone aon dialanna tar éis Meitheamh* 30, 1798, *nó má scríobh ní thánadar ar seilbh a mhic ná a mhuinntire. Tá easnamh ar scéal a bheathadh mar sin, maidir le haon tuairisc fé n-a láimh féin, ó'n dáta san go dtí Samhain* 19, *an lá 'nar éag sé san mbliain chéadna. A mhac, Uiliam T. Wolfe Tone a bhailigh na hadhbhair eolais, agus a scríobh an chuid eile de'n scéal i bhfuirm caibidil bhreise d'fhonn stair na beathadh a bheith iomlán. I dtosach na caibidile sin tá trácht aige ar imeachta an éirghe-amach i nÉirinn agus ar chúrsaí san bhFrainnc, go mórmór an milleadh a dhein feachtas Bhuonaparte chun na hÉigipte ar an bhfuadar a bhí fé na Franncaigh chun tabhairt fé Shasana féin, agus ar an bhfaillighe a tugadh san ullmhúchán a bhí d'á dhéanamh chun dul go hÉirinn. Cáineann sé Árdchómhairle na Frainnce i leith go rabhadar caithteach, míonósach, faillightheach. Tá sleachta as an gcaibidil sin, a bhaineann le himeachta Theobald Wolfe Tone, aistrithe annso síos agam. P. Ó S.*]

. . . Ach d'á laige agus d'á rabairnighe iad lucht na hÁrdchómhairle ní ceart a chur 'na leith gur thréigeadar ná gur fhealladar ar a gcáirde cogaidh. Is amhlaidh a bhí go fíor aca ná go raibh idir chiste agus armlann folamh gan náda aca, bhí bláth an tsluaigh airm agus na luingseoireachta imithe do'n Éigipt, bhí a raibh 'na ndiaidh san gan riar ná eagar; agus nuair a thárlaidh an t-éirighe-amach i nÉirinn ní rabhadar ullamh chun cabhraithe leis. Le manaois agus le neimhinmheacht bhí gach ní imithe chun faillighe aca, agus le slad agus le neambainistighe bhí a raibh eile de mhaoin aca caithte. Níl fagháil innsint ar bhuaireamh aigne m'athar le

linn an scéil sin. An 20adh lá de Bhealtaine roimhe sin bhí gabhtha ar bórd luinge ag Buonaparte i dToulon. Tháinig an t-éirghe-amach an 23adh lá. Do réir mar thagadh tuairisc gach gabhála agus gach catha do'n Fhrainnc, bhíodh m'athair ag tathant ar na taoisigh agus ar an Rialtas teacht i gcabhair ar dhream a chóimhthíre a bhí ag troid go calma san ngráscar dian; agus 'ghá ngríosadh chun feidhm a bhaint as an gcaoi oiriúnaigh seo a bhí ag imeacht thársta. Do chromadar ar ullmhú láithreach, ach ní raibh fagháil ar airgead, ná airm, ná lón lámhaigh, ná luingeas aca. Um deireadh an Mheithimh bhí an t-éirghe-amach curtha ar fad fé chois beagnach agus bhí tosach an Iúil ann nuair a glaodhadh go Paris ar m'athair chun dul i gcómhairle le hAirí an Chogaidh agus na Luingeas i dtaobh feachtas nua a cheapadh. Is fé'n tráth san do stad sé d'á dhialainn agus níl d'adhbhar ná de scríbhinní agam i gcómhair na coda eile de'n tuairisc ach na páipéir phoiblidhe, agus cuimhne mo mháthar agus beagán de leitreacha príobháideacha.

Dob é plan a ceapadh do'n fheachtas nua ná dreama beaga a chur ó uimhir de bhailte cuain le hintinn an t-éirghe-amach a choimeád ar siubhal, agus d'fhonn mearaidhe faireacháin a dhéanamh do'n namhaid, nó go bhfaghthaí caoi oiriúnach chun an sluagh mór a chur i dtír fé'n Taoiseach Kilmaine. Chuige sin do cuireadh an Taoiseach Humbert agus 1,000 fear ar ceathrúin i Rochelle; an Taoiseach Hardy agus 3,000, i mBrest; agus an Taoiseach Kilmaine agus 9,000 le fanúint go fóill ar fionnraighe. Do bheadh san mar shocrú go maith dá ndeintaí i n-am é. Ach bhí an t-éirghe-amach curtha ar fad fé chois abhfad sula raibh an chéad dream díobh ullamh chun gluaiste; bhí an Pobal claoidhte, gan airm, gan misneach, agus iad déistineach d'á gcáirde cogaidh, agus bhí a gcóir agus a ngléas uile bailithe ag Rialtas na hÉireann agus iad ullamh do'n chath. Do bhí lucht teichte de'n uile ghné agus cinéal ó'n tír mí-áidh sin ag teacht 'na sluaighte agus fiuchadh fola ortha ó na catha agus na dochraidí a bhí fulaingthe go deireannach aca. Nuair a chonnacadar a mhaille bhí an t-ullmhúchán d'á dhéanamh ag na Franncaigh dubhradar ná raibh uatha féin ach na hairm agus d'á bhféadadh na Franncaigh iad a chur i dtír athuair i nÉirinn gur leor na daoine féin chun a saoirse a bhuadhachtaint thar n-ais. Do bhí an dream san, gur mhó a gcalmacht ná a gciall, fé cheannas Shéamais Napper Tandy, duine a bhí le fada é féin ag fulang dochraide ar son na cúise. Ba mhinic gur díoghrais gan discréid gan eolas aca é, agus gur díobháil i n-ionad maitheasa a dheinidís.

Do mhaoidhimh Napper Tandy go n-éireochadh 30,000 chun arm 'na theannta féin agus chuir na cainnteanna san mearbhall ar an Árdchómhairle mar gur sárú a bhí ionnta ar shíorráidhte m'athar go mba riachtanach 10,000 nó 15,000 de thrúpaí Franncacha chun tús a chur leis an gcómhrac.

Oifigeach calma, éigcéillidhe, gan eolas a bhrostuigh an tubaist a rug fé dheoidh ar an bhfeachtas, tré neamhfhoidhne agus mí-dhiscréid. Is maith an léiriú an scéal a bhaineann leis ar an neamh-órd agus ar an díth smachta agus ar an neimhriar a bhí tosnaithe i n-arm na Frainnce. Le míofhoidhne de bharr moille an Rialtais, agus tré ghríosú na scéalta d'innseadh an lucht teichmhe ó Éirinn do, bheartuigh Humbert, saighdiúir calma, áidh, go gcuirfeadh sé tús é féin leis an ngnó, agus mar sin go gcuirfeadh d'fhiachaibh ar an Árdchómhairle teacht i gcabhair air nó é thréigean ar fad. Fé thuairim lár mí Lughnasa chuir sé tionól ar an lucht ceannaidh-eachta agus an lucht údaráis i Rochelle agus thug sé ortha suim bheag airgid a thabhairt uatha agus gach ar theastuigh uaidh de stóir airm, agus, ar dhul ar bórd do ar uimhir bheag frigéidí agus luingeas iomluchtaidh le 1,000 fear agus 1,000 breise de mhuscaeidí agus míle giní agus beagán beag de ghunnaí ordnáis, chuir sé d'fhiachaibh ar na Captaeiní gluaiseacht leis chun an iarracht a thabhairt ba dhanardha d'ár luadhadh riamh i stair na dtíortha, Do bhí triúr Éireannach 'na theannta—m'úncail Maitiú Tone, Pártholán Taoiling ó Lios na gCearrbhach agus an Súilleabhánach, garmhac do Mhadgett, go bhfuil trácht go minic air san Deirbheath-aisnéis. Do shroicheadar imeallbhórd Chonnacht Lughnas 22, ghabhadar i dtír i gCuan Chill Allaidh agus d'ionnsuigheadar láithreach agus shealbhuigheadar an baile beag san.

D'á aistighe agus d'á dhanardhacht mar iarracht é, dá leantaí dhe'n fhuadar agus de'n bhrí a bhí i dtosach ann b'fhéidir go n-éireochadh leis agus go gcuirfeadh Humbert, an saighdiúir anaithnid gan fhoghluim, réabhlóid i gcrích, agus go mbuaidh-feadh glóire shíorraidhe dho féin. Ar éigean má bhí an t-éirghe-amach curtha i n-éag, agus b'fhéidir an teine d'adhaint arís ó'n sméaróid; ach tar éis dul do i dtír i gcúinne fhiain iargcúlta de'n tír, i n-ionad gluaiseacht leis fé dheithneas mar do cómhairligheadh do go sléibhte Uladh, i lár na nÉireannach nAontaithe isteach, agus glaodhach ar na daoine chun dul ar na hairm is amhlaidh d'fhan sé ar feadh coighcíse ag caitheamh aimsire ag múineadh gleacadh-eachta do'n mhórshluagh de mhuinntir na tuaithe a tháinig chuige,

agus ag glacadh iostais féile ó Easpog Chill Allaidh. Is mór an fónamh a dhein an prealáid úd do Rialtas na hÉireann nuair a mhoilligh sé mar sin an Taoiseach Franncach. I gcath Chaisleáin an Bharraigh ruaig sé na díormaí iomdha do cuireadh 'na choinne fé'n Taoiseach Lake. . . . Ar feadh roinnt laethe bhítheas fé sceon, ach annsan ghluais Cornwallis féin, an Fearionaid Rí; do cuireadh gluaiseacht fé thrúpaí uile na tíre agus ba ghearr an mhoíll nó go rabhthas timcheall ar Humbert agus é teanntaithe laistiar de'n tSionainn ag sluagh ba mhó fiche uair ná a shluagh san. Ba léir do fé dheoidh an greim 'na raibh sé agus thug sé iarracht—rud ba cheart do a dhéanamh ar tosach—chun dul thar an abhainn sin agus na cnuic san Tuaisceart a bhaint amach. Ach ar an 8adh lá de Mheán Fóghmhair, i mBéal Átha na Muice, agus sluagh lánairm 'na thimcheall b'éigean d'á bhuidhin bhig chalma géilleadh. Tugadh anacal do na Franncaigh agus do malartuigheadh go luath iad; ach tugadh ár gan trócaire ar na hÉireannaigh, agus na bearta arrachtacha do himrigheadh 'na dhiaidh sin ar na tuathaigh bhochta gan chosaint, mairfidh cuimhne d'á mbarr ar ainm an Taoisigh Lake i ndúthaigh iargcúlta Chonnacht go bráth. Ar na hÉireannaigh a bhí 'na theannta chuaidh an Súilleabhánach slán i riocht Franncaigh. Tugadh Maitiú Tone agus Taoiling fé dhornasca iarainn go Baile Átha Cliath *agus do cuireadh chun báis iad*.

Ní nach iongnadh, ar chlos an scéil i dtaobh iarracht Humbert bhí an Árdchómhairle i gcás chruaidh. Do bheartuigheadar láith reach, ámh, gach ní a bhrostú agus thiomáineadar chun siubhail an sluagh a bhí fé'n Taoiseach Hardy chun cabhrú leis siúd chómh luath agus ab fhéidir. Do dhein tuairisc a chaithréime tosaigh i nÉirinn méadú ar a ndíoghrais agus luathuigh sé chun gnímh iad. Ach toisc an drochaiste 'na raibh cabhlach agus armlanna na Frainnce bhí an 20adh lá de Mheán Fóghmhair ann sula raibh an cabhlach beag san ullamh chun seolta. Long amháin líneagair a bhí ann agus ocht bhfrigéidí fé'n gComodóir Bompart agus 3,000 fear ar bórd fé'n Taoiseach Hardy. Ní raibh tuairisc ar shárú Humbert tagaithe fós do'n Fhrainnc.

Do bhí Paris an uair sin lán de dheoraithe ó Éirinn, go raibh fuadar gnímh fútha. Do léigheas i bpáipéir na haimsire sin agus i gclódhanna is deireannaighe ná san go raibh ar a luighead ceathrar is fiche de chinnirí na nÉireannach nAontaithe ar bórd fara'n Taoiseach Hardy ar an bhfeachtas san agus tá luadhadh ar ainm

Lewines 'na fhearionaid do na hÉireannaigh Aontaithe i bParis. Níl an fhírinne san tuairisc. Do chuaidh urmhór na nÉireannach nAontaithe ar bórd árthaigh bhig luaithshiubhlaigh fé cheannas Napper Tandy. Do shroicheadar Oileán Reachrann ar an imeall thuaidh d'Éirinn, an 16adh lá de Mheán Fóghmhair. Do chualadar annsan tásc na tubaiste a bhain do Humbert ; ní dhearnadar ach roinnt forógraí a scaipeadh agus teicheadh leo do'n Orbhuaidh. Ní raibh ach triúr Éireannach i dteannta m'athar i luingeas Hardy. Ní raibh ach súd féin ar luing an Aimiréil—an *Hoche*, bhíodar súd eile ar na frigéidí. Dob iad iad ná Mr. T. Corbett agus Mac Guidhir, beirt d'oifigigh chalma a cailleadh ó shin i seirbhís na Frainnce, agus an treas duine, a bhí i gcómhgas cleamhnais le n-a charaid an Ruiséallach, agus a mhaireann fós, agus nár cheart dom, dá bhrí sin, a ainm a luadhadh. . . .

Fé dheoidh, tuairim an 20adh lá de Mheán Fóghmhair, ghluais an feachtas mí-áidh ó Chuan Chamaret. Is iad luingeas a bhí ann ná an *Hoche* (74) an *Loire*, an *Resolue*, an *Bellone*, an *Coquille*, an *Ambuscade*, an *Immortalité*, an *Romaine* agus an *Semillante*, frigéidí ; an *Biche*, scúnaer, agus *aviso*. D'fhonn cabhlach Shasana a sheachaint thug Bompart, mairnéalach fónta, cuaird fhairsing siar chun fairrge agus annsan soir óthuaidh d'fhonn teacht go díreach ar an imeallbhórd thuaidh d'Éirinn, ó'n treo is lugha go mbeadh coinne le sluagh Franncach a theacht. Ach tháinig gaotha conntrárdha, leis, agus de dheallramh do scaipeadh an cabhlach air, óir ar an 10adh lá de Dheireadh Fóghmhair, tar éis eachtra fiche lá, bhain sé béal Locha Súiligh amach agus gan aige ach an *Hoche*, an *Loire*, an *Resolue*, agus an *Biche*. Tugadh cómharthaí fógartha láithreach ar é bheith ann agus le héirghe lae an 11adh de Dheireadh Fóghmhair, sular fhéad sé gabháil an cuan isteach ná a chuid fear a chur i dtír, chonnaic sé ag teacht san mullach air cabhlach Shir Seon Borlace Warren, 'na raibh sé longa líneagair, *razee* seasca gunna agus dhá fhrigéad. Ní raibh fagháil ar bith ar éalódh ag an luing mhóir mheáidhte chogaidh. D'órduigh Bompart laithreach do na frigéidí agus do'n scúnaer éalódh tríd an uisce tanaidhe agus d'ullmhuigh a long aonair féin chun cosaint danardha gan dóchas a dhéanamh ar oineach agus ar bhrat a dhúthaighe. Díreach le n-a linn sin tháinig bád beag ó'n *mBiche* chun a órdaithe deiridh d'fhagháil. Is í an t-árthach san is fearr go raibh caoi aici chun dul slán. D'iarr na hoifigigh Franncacha go léir d'athchuinghe ar m'athair dul ar bórd uirthí sin. " Buaidhfar go dearbhtha orainn,"

ar siad, "déanfar príosúnaigh cogaidh dínn, agus cad tá i ndán annsan duit-se ?" "An abróchar choidhche," ar seisean, "gur theicheas-sa agus gur fhágas fé Fhranncaigh cath a sheasamh dom dhúthaigh." Do dhiúltuigh sé d'á dtairgsint agus do bheartuigh claoidhe leis an luing pé ádh nó mí-ádh bhí i ndán di. Rug an *Biche* na cosa léi ; agus chím i gclódhanna le déannaighe é gur bhain Eireannaigh eile áis aisti chun dul slán. Ní fíor é sin—ní raibh duine aca dhéanfadh é, agus rud eile dhe ní raibh d'Éireannaigh ar bórd an *Hoche* ach m'athair.

Do thiomáin an tAimiréal Sasanach dhá luing chogaidh agus an *razee*, agus frigéad ar thóir an *Loire* is an *Resolue*, agus ba ghearr go raibh cheithre longa líneagair agus frigéad bailithe timcheall an *Hoche* ; agus annsan iseadh thosnuigh ceann de na hiarrachtaí cómhraic ba dhúlaithe danardha d'ár fearadh riamh ar muir. Ar feadh sé huaire a chluig bhí sí 'na ceap crústaigh ag gunnaí lánchabh-laigh, níor fágadh crann ná téadrach nár scuabadh di, bhí fuil d'á thaoscadh 'na shrutháin, ba lán a cocpit d'fhearaibh gonta, agus le gach buille nua dá dtugtaí dhi do nochtuightaí a heasnadhacha réabtha tré n-a cliathán amach agus seo isteach an t-uisce nó go raibh cúig troighthe ar doimhneas 'na cabhail, do stracadh an stiúir di agus b'iúd í annsan ar snámh í 'na creatlach gan crann ar an uisce, a seolta agus a téadracha ar sileadh léi réabtha, agus a gunnaí ar fad ar lár is ná féadfaí piléar a chaitheamh leo mar fhreagradh ar an lámhach gan sos a bhí a naimhde a dhéanamh. Fé dheoidh ghéill sí. Ní fada go rug an cabhlach Sasanach ar an *Resolue* agus an *Loire*. Do bhí an *Resolue* cheana féin d'á báthadh ach thug sí cath go calma 'ghá cosaint féin. Trí ionnsuidhe a chuir an *Loire* di. Do thiomáin sí uaithi na frigéidí Sasanacha agus d'óbair di dul slán ; fé dheireadh thug an *Anson*, *razee* seascad gunna, fúithi agus ghéill sí nuair ná raibh crann ná cleith uirthi, tar éis cath trí huaire a chluig. Ar na frigéidí eile a theich i ngach áird do gabhadh an *Bellone*, an *Immortalité*, an *Coquille*, agus an *Ambuscade* ; agus do bhain an *Romaine* agus an *Semillante* dhá chuan san bhFrainnc amach tar éis iomad baoghal a chur díobh.

Ar feadh an chómhraic bhí m'athair i mbun díorma ordnáis agus, do réir scéil na n-oifigeach d'fhill do'n Fhrainnc dhein sé troid danardha thar fóir agus é i riocht duine bheadh ag éileamh an bháis. Nuair a ghéill an t-árthach níor aithnigheadh é ameasc na n-oifigeach eile go ceann tamaill, mar ba Fhranncach cruthanta é maidir le deallramh agus le teanga. Do scaipeadh an dá chabhlach

theip gach ní air, agus níorbh áil leis maireachtaint feasta. Bás onórach amháin a bhí uaidh agus níor iarr ortha ach bás le piléar a thabhairt do, dála an tsaighdiúra. Chuige sin b'fhearr leis féin cúirt mhileata d'á thriail agus nuair a leag sé a choimisiún Franncach 'na láthair, ní mar chosaint air féin é ach mar fhianaise ar a chéim fé mar dubhairt sé i láthair a thriaileach. . .

Do moilligheadh triail m'athar roinnt laethe toisc go bhfuair na hoifigigh a ceapadh i gcómhair na cúirte mileata órdaithe chun gluaiste. Fé dheireadh, Dia Sathairn, Samhain 10, 1798, do tionóladh cúirt nua ar a raibh an Taoiseach Loftus 'na Uachtarán; na Coloneli Vandeleur, Ó Dálaigh, agus Wolfe; an Major Armstrong; agus an Captaen Ó Curráin; bhí Mr. Paterson 'na Bhreitheamh Adhbhacóideach ann. . .

Do bhí Tone gléasta i n-éide Chef de Brigade (.i. Colonel). Do chuaidh daingneacht agus soineanntacht réidh a iomchuir i bhfeidhm ar an sluagh a bhí ag féachaint le hiongnadh air agus do léirigheadh uaisleacht a anma dhóibh. Agus na naimhde ba nimhnighe bheadh aige ní fhéadfaidís gan a dhíol molta a thabhairt air thar cionn a chinnteacht tola agus a uaisleacht meoin, pé ní cheapfaidís d'á phrionsabail pholaitidheachta, nó pé riachtanas a bheadh aca le sompla mór a dhéanamh de.

Tar éis an gnáithmhionn a ghlacadh do lucht na cúirte do chuir an Breitheamh Adhbhacóideach i n-úil do'n phríosúnach gurab é Tighearna Ionadaidhe na ríochta a chuir ar bun an chúirt sin go raibh sé ós a cómhair chun a thriail ciaca an raibh sé cionntach nó neimhchionntach i dtréas agus i neimhdhílse i n-aghaidh an Rí, agus gur do-san ba thugtha uaidh gach géillsine 'na dhílseach aicionta aige tré n-a bhreith san ríocht san. Agus d'á réir sin d'iarr sé air san bhfuirm ghnáith a rádh ciaca cionntach nó neimhchionntach é.

Tone. "Tá beartaithe agam gan duadh nach gábhadh a chur ar an gcúirt agus ní bheidh ortha ceistiú gan éifeacht a dhéanamh ar fhínéithe. Admhuighim gach ní d'ár cuireadh im leith agus níl d'á iarraidh agam ach cead chun ráidhteas atá ullamh agam do'n ócáid a léigheadh."

An Col. Ó Dálaigh. "Do bheirim rabhadh do'n phríosúnach, le hadmhú na nithe seo dho, go n-admhuigheann go ndearnaidh sé *tréas* i n-aghaidh an Rí. An é sin atá in' aigne aige

Tone. "Tar éis a bhfuil de théarmaidheacht teicniceach ag gabháil leis an gcúiseamh so a bhaint de is é brí, is dóigh, atá leis an bhfocal 'tréas' ná go rugadh orm is arm ar iomchur agam i

n-aghaidh saighdiúirí an Rí im thír dhúthchais. Admhuighim an cúiseamh san fé'n mbrí is foirleithne d'á mb'fhéidir, agus iarraim arís cead innste do'n chúirt cad iad na fátha agus na cuspaí bhí agam lem ghníomhartha."

Dubhairt an chúirt annsan go n-éisteochaidís le n-a ráidhteas, ar coingheall go bhfanfadh sé laistigh de theorainn réasúnta. D'éirigh sé agus do thosnuigh mar seo:—

" A Uachtaráin agus a Uaisle na Cúirte Mileata. Tá beartaithe agam gan a chur oraibh fianaise dhleathúil a sholáthar chun mé a dhaoradh do réir dlí le gníomh namhad a bheith déanta agam i n-aghaidh Rialtas a Shoillse an Rí Breatainigh i nÉirinn. Admhuighim an gníomh. Óm óige i leith tá sé d'á thuigsint dom go bhfuil an ceangal atá idir Éire agus Sasana 'na mhallacht millte ar náisiún na hÉireann, agus chreideas ná raibh saoirse ná sonas i ndán do'n tír seo a fhaid a mhairfeadh an ceangal san. Is amhlaidh a threisigh ar an tuairim sin le méadú m'eolais ó bhliain go 'chéile agus leis an éirim a bhaineas as gach ní a chíodh mo shúil. D'á bhíthin sin bheartuigheas gach cómhacht d'á bhféadfadh mo dhícheall-sa a bhogadh a chur ag obair chun an dá thír a dheighilt.

" Dob eol dom ná raibh i gcumas d' Éirinn féin an ama a chaitheamh di. D'á bhrí sin chuas ar lorg conganta pé áit go raibh le fagháil. Le linn bochtanais nár náir dom dhiúltuigheas do thairgsintí ba bhuntáisteach thar barr do dhuine im chás. D' fhanas dílis do chúis mo thíre, dar liom, agus do dheineas cásamh ar Phoblacht na Frainnce le bheith 'na cómhthach conganta chun trí milliúin de lucht mo chóimhthíre a shaoradh ó . . ."

Leis sin do chuir an tUachtarán isteach ar an bpríosúnach, 'ghá rádh dho nár chainnt í sin a bhain leis an gcúiseamh agus nár chainnt í ba cheart a rádh i gcúirt phoiblidhe. Dubhairt duine eile aca gur dhóigh gur ceapadh í d'aon ghnó d'fhonn gríosadh a dhéanamh ar aigne cinéal áirithe daoine (na hÉireannaigh Aontaithe), agus go mb'fhéidir cuid aca san a bheith láithreach, agus mar sin nár cheart do'n chúirt í cheadú. Dubhairt an Breitheamh Adhbhacóideach gurbh é a thuairim má cheap Mr. Tone an páipéar so a chur i láthair a shoillse an Tighearna Ionadaidhe, le hintinn logha d'fhagháil, nárbh fholáir gurbh é a mhalairt sin a thiocfadh de dá bhfágtaí aon chuid d'á raibh léighte go dtí sin ann.

Tone. " Ní dhéanfad an scéal san a thathant ar an gcúirt ó's dóigh ná taithnigheann sé leo, ach léighfead an beagán focal atá fós ann." 2W

An Taoiseach Loftus. " Má's de'n ghné chéadna an chuid eile de'n ráidhteas gur di an méid atá léighte ná staonfair nóimeat sula leanair arís de ó's eol duit anois tuairim na cúirte ? "

Tone. " Ní dóigh liom go bhfuil aon ní 'na bhfuil fós le rádh agam a bheidh 'na chúis mhímhéine. Ba mhaith liom mo ghradam agus mo bhuidheachas a chur i n-úil do dhream na gCatoiliceach go rabhas páirteach leo."

An Taoiseach Loftus. " Ní thaidhsigheann san go bhfuil aon bhaint aige leis an gcúis atá id choinnibh ach ní ceadaithe dhuit labhairt ach air sin. Má tá aon ní le rádh agat i leith cosanta nó logha dhuit féin san gcoir atá id choinnibh éisteochaidh an Chúirt leat, ach táid 'ghá iarraidh go bhfanfá i dtaoibh leis an scéal san."

Tone. " Ní raghad mar sin thar roinnt phoinntí i dtaobh mo cheangail le harm na Frainnce. · Bíodh ná rabhas i gcómhar le haon dream i bPoblacht na Frainnce, agus go rabhas gan chómhacht, gan airgead, agus gan uisce-fé-thalamh d'á chleachtadh agam, ar a shon san féin fuaireas céim árd muinghine san arm aca. Do bhíos fé mhuighin ag an Árdchómhairle Fheidhmiúcháin, agus fuaireas moladh óm Thaoisigh agus meas agus cion ó na comrádaithe calma a bhí faram. Nuair a smaoinim ar na nithe sin tagann sólás íogair im chroidhe nach féidir le haon dochraid mhíofhortúna ná aon bhreith atá i gcumas na cúirte seo a bhaint díom ná a lagú. Do ghabhas fé bhrat Phoblachta na Frainnce ar tosach le hintinn mo dhúthaigh féin a shaoradh agus a fhuascailt. Ar an intinn sin iseadh chuas i mbaoghal cogaidh ameasc coigcríochach : ar an intinn sin iseadh chuas i mbaoghal anchaine na fairrge go minic, agus a fhios agam go raibh an fhairrge sin 'na cisigh fé luingeas caithréimeach na cómhachta gurbh é adhbhar mo ghlóire agus mo dhualgas bheith 'ghá túrnamh. Tá mo chúl tugtha agam le gach mian saoghalta ; tá gabhtha le bochtaineas agam de rogha ; tá céile ionmhuin fágtha agam gan a fear caomhnaithe, agus leanbhaí, gurbh iad grádh m' anma iad, gan athair. Tar éis na híobartha san a dhéanamh, do réir mar tuigeadh dom choinsias é, ar son cúis an chirt agus na saoirse, ní deacair dom, san ló so, íobairt m' anma a chur mar bhreis leo.

" Ach cloisim d'á rádh é gur scaoileadh réim le gach uathbhás uilc ar feadh na tíre mí-áidh seo. Is truagh géar liom san. Táim 'ghá iarraidh, ámh, ná leigfaí i ndearmad go bhfuil cheithre bliana ó bhíos-sa i nÉirinn. Ní fhéadfar choidhche na huilc sin a chur im leith-se. Do bheartuigheas-sa deighilt an dá thír a thabhairt i

gcrích de bharr cogaidh go comhthrom ós árd. Cogadh ós árd ba mhéin liom ach, má tháinig 'na ionad san réim an dúnmharbhaithe ós íseal, deirim arís, bíodh gur oth liom a leithéid, nach dem chionnta-sa é sin. Do deineadh, de dheallramh, bearta arrachtacha ó gach taobh, ní lughaide sin is oth liom iad; is fuath lem chroidhe iad; agus an dream gur eol dóibh mo mheon agus mo thuairimí ní miste liom a fhágaint fútha fírinne mo ráidhte a dheimhniú. Ní gábhadh mo leithscéal a phléidhe leo-san.

"I ngnó de'n tsaghas-so, 'sí an bhuaidh gach aon ní. Ní maith go buaidh dar leis an bpobal coithchionn. D'éirigh le Washington agus theip ar Kosciusko.

"Tar éis cath a fearadh go huasal, cath a mhúsclóchadh meas agus báidh i namhaid mórchroidhe, b'é ba dhán dómh-sa bheith im phríosúnach. Tugadh annso mé fé chuibhreacha iarainn mar bhéarfaí cuirbtheach, agus is asmhuchán san go bráth do'n dream a órduigh é. Ar mhaithe le n-a thuille iseadh luadhaim so; táim-se féin gan beann air; is eol dom an íde atá im chómhair agus ní lugha orm caointe ceisnimh ná glór sirtheoireachta.

"Maidir leis an gceangal idir an tír seo agus an Bhreatain Mhór, deirim arís é, gach ní d'ár cuireadh im leith—idir chainnt agus scríbhneoireacht agus gníomh—admhuighim dem dheoin annso anois iad. Cainnt agus gníomhartha de thoradh machtnaimh agus prionsabal ab eadh iad agus táim ullamh chun fulang ar a son. Pé breith a thabharfaidh an chúirt seo táim ullamh 'na chómhair. Déanfaidh siad-san, is áirithe, a ndualgas; tabharfad féin aire ná déanfad-sa faillighe im dhualgas féin."

Dubharthas an t-aitheasc san de ghuth chómh deighmhéineach chómh lán de shoineanntacht uasal réidh gur chorruigh sé go daingean soiléir cách d'á raibh ag éisteacht, agus níor thaise do lucht na cúirte é. Tháinig stad san ngnó ar feadh tamaill agus bhí ciúnas ann nó gur labhair Tone féin 'ghá fhiafruighe nár ghnáth eadramh a cheapadh idir an bhreith daortha agus a cur i bhfeidhm. Do fhreagair an Breitheamh Adhbhacóideach, go bhfaghfaí fios tuairime na Cúirte gan mhoill agus go gcuirfaí a thoradh láithreach chun an Tighearna Ionadaidhe. D'á bhrí sin má bhi aon ní eile le rádh ag an bpríosúnach anois an t-am aige.

Tone.—"Is mian liom beagán focal a rádh ar aon ní amháin—dtaobh módha an phionóis. San bhFrainnc is ionann, is dóigh, cás do na *hEmigrées* ann agus dómh-sa annso agus daortar chun a lámhachta iad. Táim 'ghá iarraidh gurab é bás an tsaighdiúra a

thabharfadh an Chúirt mar bhreith orm, agus mé lámhach ag platún de ghrenadóirí. Is mó atáim ag iarraidh an aisce seo le gradam do'n éide seo atá d'á chaitheamh agam, éide Chef de Brigade i n-arm na Frainnce, ná le haon ghéilleadh dom féin go pearsanta. D'fhonn mo cheart chun an aisce sin a dheimhniú iarraim go mbreithneochadh an Chúirt mo choimisiún agus mo leitreacha seirbhíse i n-arm na Frainnce. Deimhneochaidh na páipéir féin nach chuige fuaireas iad chun go mbeidís 'na n-aghaidh feidil chosanta agam, ach go bhfuilim le fada im oifigeach *bona fide* i seirbhís na Frainnce."

An Breitheamh Adhbhacóideach.—" Caithfir a thuigsint go mbeidh na páipéir sin atá d'á luadhadh agat 'na bhfianaise deimhnitheach id choinnibh."

Tone.—" Ó !—is eol dom go maith é—táim cheana tar éis gach ní d'admháil, agus admhuighim na páipéir seo anois 'na láinfhianaise daortha."

Do scrúduigheadh na páipéir annsan. Is é bhí ionnta ná *brevet* Chef de Brigade ó'n Árdchómhairle fé shighniú an Aire Chogaidh agus leitir seirbhíse ag bronnadh céim Taoisigh Chonganta air, agus pas taistil.

An Taoiseach Loftus.—" Do bheir na páipéir seo scéala ort go rabhais ar seirbhís san arm i gcómhair Shasana."

Tone.—" Thugas seirbhís san arm san fé cheannas Bhuonaparte, agus Desaix ; agus fé Khilmaine, ab Éireannach im dhála féin. Ach thugas seirbhís i n-áit seachas é."

Do fiafruigheadh de an raibh aon ní eile le rádh aige agus dubhairt nárbh eol do é ach d'á luaithe gheobhaidís aontú le n-a mbreith ó n-a Shárshoillse gurbh eadh b'fhearr. Ba chomaoin leis é dá bhfaghaidís fé chionn uair a chluig é.

Dubhairt an Taoiseach Loftus annsan go gcuirfeadh an Chúirt gan amhras fé bhrághaid an Tighearna Ionadaidhe an ráidhteas a léigh sé dhóibh mar aon le hadhbhar an éilimh deiridh a luaidh sé. Ar chur an ráidhtis uaidh, ámh, thug sé aire gur scrios sé as an chuid de ná ceadóchadh sé féin a léigheadh, an chuid 'na raibh an óráid roimh bás agus an t-aitheasc deiridh a cheap céadaspal an chómhaontaithe idir Éireannaigh, agus mairtír na saoirse, i gcómhair mhuinntir a thíre. Do dhiúltuigh an Tighearna Cornwallis éileamh deiridh sin m'athar agus tugadh mar bhreith bás tréatúra a thabhairt air i gcionn ocht n-uaire is dachad, ar an 12adh lá de Shamhain. Do bhí coinne leis an neamhthrócaire sin aige ; óir

ó ló Llewelyn na Breataine Bige agus Wallace Alban go ló Tone agus Napoleon, ní fhuair an namhaid a bhí ar lár aici trócaire ná féile ó Shasana. Do chinn sé annsan, gan corrbhuais gan mire intinne a bheart féin a chur i gcrích agus bheith roimh ré ar an mbreith thugadar air. . .

[*Deir Uiliam T. Wolfe Tone, a scríobh an chaibidil seo, go raibh eagla agus uathbhás ar gach duine i mBaile Átha Cliath le linn trialach agus tar éis daortha a athar agus ná raibh ach an t-aon duine le fagháil a leomhfadh aon iarracht a thabhairt chun a thárrthála le heagla an Rialtais. Dob é Seán Philpot Ó Curráin an duine sin a ghaibh air féin údarás na cúirte mileata a chur fé cheist agus a shárú. Do bhí a fhios ag an gCurránach ná raibh an bhreith a tugadh ar Tone do réir dlí. D'éilimh sé cabhair chun an chúis a phléidhe i láthair Tighearna Kilwarden, breitheamh cóir deighmhéineach i gCúirt Bhinnse an Rí; ach le déine an scannraidh a bhí ar dhaoine fuair sé an t-eiteachas ó gach duine a chásaimh sé. Ach ar an 12adh lá déag de Shamhain, an lá a bhí Tone le crochadh, chuaidh Ó Curráin 'na aonar i láthair Chúirt Bhinnse an Rí agus d'iarr aithtriail na cúise san gCúirt sin. Do ghéill an Prímhbhreitheamh do, agus d'órduigh " habeas corpus " a sheoladh go dtí Provost-Marshal na barraice agus go dtí an Major Sandys chun pearsa Tone a thabhairt do láthair, agus 'ghá bhac ortha é chrochadh. Do dhiúltuigheadar súd agus an Taoiseach Craig géilleadh d'órdú an Phrímhbhreithimh. D'órduigh seisean do'n tSirriam iad araon a ghabháil agus pearsa Tone a ghabháil, leis, agus órdú na Cúrte a thaispeáint do'n Taoiseach Craig. Seo annso síos mar innseann Uiliam T. Wolfe Tone an chuid eile de'n scéal.*]

. . . Fé dheireadh d'fhill an Sirriam agus scéal tubaisteach aige. Do heitigheadh é leigean san mbarraic ach do hinnseadh do gur dhein Mr. Tone lot baoghalach air féin an oidhche roimhe sin agus go raibh sé ró dhonaidhe le haistriú. Tugadh isteach an láimhliagh Franncach a iaidh an chneadh agus dubhairt san ná féadfaí a rádh go ceann cheithre lá ar ghoin bháis í nó nárbh eadh. Go gcaithfaí a cheann a chongbháil i n-aon ionad amháin agus go raibh fear 'ghá fhaireadh d'fhonn é bhacadh ar chainnt. Do gheobhadh sé bás gan fuireach dá n-aistrightaí é. D'órduigh an Prímhbhreith-eamh láithreach riail fionnraighe ar an gcrochadh.

Caithfead mo chuid nirt a bhailiú chugam chun a bhfuil fós le hinnsint de bheatha m'athar a chur síos. Is annamh a scéithtar ar

rúnta príosún Stáit, agus go mórmhór príosún de'n tsaghas a bhí i mBaile Átha Cliath an uair úd, agus is mion agus is suarach an méid faisnéise a tháinig chun eolais dúinn. Ní túisce chualaidh sé gur eitigheadh an athchuinghe deiridh d'iarr sé ná gur chinn sé ar a bheart féin le haigne chómh daingean chómh neamhchorr-bhuaiseach agus bhí aige le linn an ghnótha go dtí san. D'fhonn gan buaireamh a dhéanamh ar a thuismitheoirí agus ar a cháirde d'eitigh sé aoinne a leigean d'á fhéachaint agus níor iarr sé ach go dtiúbharthaí adhbhair scríbhneoireachta chuige. I rith an 10adh agus an t-11adh lá do Shamhain do scríobh sé leitreacha go dtí an Árdchómhairle, an tAire Luingseoireachta, an Taoiseach Kilmaine, agus Mr. Ó Séaghdha san bhFrainnc, agus go dtí roinnt d'á cháirde i nÉirinn, ag cur a líntighe fé n-a gcomraighe. Tá d'á chur annso agam aistriúchán ar an leitir a chuir sé chun na hÁrd-chómhairle, an t-aon leitir aca go bhfuaireamar cóib di.

"Ó Phríosún an Phrobhoist, Baile Átha Cliath,
"*Brumaire* 20, *bliain 7 de'n Phoblacht*,
"(*Samhain* 10, 1798.)

"A Stiúrthóirí Cathardhach.—Tar éis beartú ná tiubhraidís ceart cathardhaigh ná oifigigh de'n Fhrainnc dom do chuir Rialtas Shasana ós cómhair chúirt mhileata me agus tá breith báis tugtha orm. Ó tá amhlaidh, is mian liom mo bhuidheachas a ghabháil libh ar son an iontaoibh a fuaireas 'na mhórchomaoin onóra uaibh, agus nach miste liom a rádh 'na thaobh, i dtráth de'n tsaghas so, gur maith a thuilleas é. Do dheineas fónamh dúthrachtach do'n Phoblacht agus is leor de chruthú air sin mo bhás féin agus bás mo dhearthár gur imigh an chríoch chéadna air, agus a daoradh san tslí chéadna, tuairim mí ó shin. Tá súil agam gur leor mar leithscéal é an cor 'na bhfuilim chun bhúr gcomairce d'iarraidh do'n bhain-chéile ionnraic agus do'n triúr ógchlainne ná fuil mo mhalairt aca chun a gcothaithe, agus ná beidh i ndán dóibh ach an aindeise nuair a chaillfid siad mise. Ba mhaith liom a chur i gcuimhne dhaoibh gur díbrigheadh as mo thír féin mé de dheascaibh na n-iarrachtaí thugas chun fónamh do'n Phoblacht, go dtána do'n Fhrainnc ar iarratas Rialtas na Fraince; gur chóimhlíonas mo dhualgas go hiomlán agus go dílis i slí a thuill moladh m'uachtarán riamh ó fuaireas d' onóir dul i n-arm na Frainnce; agus mar bharr air sin go ndearna íobairt ar son na poblachta ar gach ní is ionmhuin le duine—mo chéile, mo chlann, mo shaoirse agus m'anam. I

bhfianaise na nithe sin táim ag dul fé dhóchas i muinghim bhúr gcirt agus bhúr ndaonnachta ar mhaithe lem líontighe, agus m'iontaoibh asaibh ná tréigfidh sibh iad. Sin é an sólás is mó atá agam ag dul chun báis dom.

"Beatha agus sláinte.

"T. W. TONE (d'á ngairmthear Smith),

"*Taoiseach Conganta.*"

Annsan gan critheán i láimh ná i gcroidhe leis do scríobh sé an dá leitir seo chun mo mhláthar :—

"PRÍOSÚN AN PROBHOIST—BARRAIC BHAILE ÁTHA CLIATH,

"*Le* 20 *Brumaire*, (*Samhain* 10), 1798.

"A GRÁDH IS A ANNSACHT.—Tá uair ár scarúna fé dheoidh tagaithe. Ó ná fuil i gcumas focal a chur i n-úil cad é mo ghrádh dhuit-se agus d'ár gclainn ní thiubhrad iarracht fé; níor mhaise d'ár misneach-na araon ceisneamh gearáin d'aon tsaghas a dhéanamh; bíodh de dheimhne agat go bhfaghad-sa bás mar a mhaireas riamh, agus ná beidh fagháil aithise agat trém bhíthin-se.

"Tá scríobhtha agam ar do shon go dtí Rialtas na Frainnce, go dtí an tAire Luingseoireachta, go dtí an Taoiseach Kilmaine agus go dtí Mr. Ó Séaghdha. Is é mo mhian go raghthá i gcómhairle leis an duine deiridh sin go speisialta. Do scríobhas i nÉirinn go dtí do dhearthái Harry agus go dtí an chuid dem cháirde atá chun dul ar deoraidheacht agus ná déanfaidh, is deimhin liom, tusa a thréigean.

"Beannacht agat, a ghrádh is a annsacht : ní fhéadaim an leitir seo a chríochnú. Cuir mo ghrádh dhi i n-úil do Mháire agus, thar gach ní, cuimhnigh ná fuil anois de thuismitheoirí ag ár leanbhaí dílse ach tusa agus gurab é deimhniú is fearr uait ar do ghrádh dhómh-sa tú dod choimeád féin buan chun oiliúint d'fhagháil dóibh-sin. Beannacht ó Dhia an uile chómhacht oraibh uile.

"Mise go buan agat,

"T. W. TONE.

"P.S.—Measaim nuair aimsighis Wilson* go bhfuairis cara dhuit ná tréigfidh thú."

* Do réir Uiliam T. Wolfe Tone b'é Mr. Wilson amháin a tháinig i gcabhair ortha tar éis bháis a athar. Phós sé siúd baintreach Tone seacht mbliana déag 'na dhiaidh sin. Do réir tuairisc R. Barra Uí Bhriain d'éag sise san mbliain 1849 i nAmerica, d'éag inghean Tone san mbl. 1804, agus an dara mac san mbl. 1806. D'éag an mac ba shine, Uiliam, i nAmerica san mbl. 1828

AN DARA LEITIR.

" A GRÁDH IS A ANNSACHT.—Líne amháin d'á scríobhadh agam chugat chun a innsint go bhfuaireas deimhniú ód dheartháir Eadbhard go bhfuil beartaithe aige gach cabhair agus caomhnadh 'na chumas a thabhairt duit, agus go bhfuil scríobhtha agam ag gabháil mo bhuidheachais go dúthrachtach leis. Tá an deimhniú céadna fachta agam ód dheirfír agus d'iarr sí teacht am fhéachaint ach d'eitigheas san, mar tá beartaithe agam gan labhairt le haoinne dem cháirde, fiú m'athair, fé thuairim daonnachta ar mhaithe leo-san agus liom féin. Is rómhór an sólás dom do mhuinntir a bheith beartaithe ar sheasamh leat; maidir le módh na cabhrach san, fágaim fé n-a gcion san ort agus féd dheighchéill féin a shocrú cad é an tslí is mó ba mhaise dhaoibh gach taobh.

" Beannacht agat, a ghrádh is a annsacht. Bíodh do mhisneach buan fé mar atá agam-sa ; tá m'aigne chómh sochma ar an nóimeat so is a bhí aon tráth dem shaoghal. Bím fé chion id chuimhne ; agus thar gach ní cothuigh do shláinte agus do mheanma ar son ár leanbhaí dílse.

" Mo ghean go buan duit,

" T. W. TONE.

" *Samhain* 11, 1798."

Deirtar gurbh fhéidir do, maidean an lae chéadna san, na saighdiúirí a fheicsint agus a chlos ag tógáil croiche ar aghaidh na bhfuinneog aige 'na chómhair féin. An oidhche chéadna san do réir tuairisc a lucht choimeádtha dhein sé gearradh doimhin treasna a mhuinéil air féin le sciain phóca a bhí i bhfolach aige. Thug an foraire fé ndeara gan mhoill é agus tugadh láimhliagh isteach ar a ceathair a chlog ar maidin a choisc an fhuil agus a iaidh an chneadh. Dubhairt sé ó nár aimsigh an príosúnach an fhéith charotideach go mb'fhéidir go mairfeadh sé 'na dhiaidh, ach go raibh i mbaoghal dearmhar. Deirtar ná fuairtheas de fhreagradh uaidh ach: " Is truagh liom go rabhas chómh dona san fá chuirpeolas." Ach fágaim an chuid eile de'n scéal fé'n mbrat folaithe gan innsint.

Do bhí sé annsúd sínte ar thocht fhuilteach i gcarcair, céadaspol cómhaontaithe mhuinntir na hÉireann, an mairtír ba mhó cáil d'ár cailleadh ar son a saoirse agus é ag cómhaireamh gach uaire ag gluaiseacht go leadránach mall ar feadh an seacht nó an ocht de laethe a bhí sé d'á chéasadh roimh bás. Níor leigeadh aoinne 'na ghoire. Dob fhada ó n-a líontighe ionmhuin é agus ó na cáirde go

dtug sé cion a chroidhe dhóibh, agus gan le feicsint aige ach an coimeádaighe dúr agus garbhlucht freastail an phríosúin, agus gan le clos aige le hucht bháis do ach céim tromshiubhail an fhoraire. D'fhan aige, ámh, soineanntacht an anma agus seilbh na gcéadfadh go deireadh thiar. Agus ba ruithne gileachta ag tabhairt soluis do i dtráth a bháis, agus ag cothú a mheanman ar bruach éagtha, a fhios a bheith aige gur ar son a thíre agus ar son an chirt agus na saoirse a bhí sé ag fagháil bháis. Is leor de thaca na smaointe sin d'anam aon ghrádhthóir tíre pé cor a bhéarfaidh é.

Ar maidin an 19adh lae de Shamhain tháinig aradhna an bháis air. Deirtar go ndubhairt an láimhliagh a bhí ann i gcogar dá leomhadh sé corruighe go n-éagfadh gan fuireach, gur airigh súd é agus gur chuir cor beag de féin, agus go ndubhairt: "Tá de chainnt fós agam go bhféadaim buidheachas a ghabháil leat; 'sé scéal is fearr é d'fhéadfaí a innsint dom. Cad chuige ab áil liom maireachtaint ? " Agus ar luighe siar do, agus na briathra san d'á rádh aige, d'éag sé go socair réidh.

Sula gcuiread deireadh leis an scéal dochraideach uathbhásach so ní mór dom tagairt do chainnteanna ó údar róghalánta deigheolais 'ghá rádh, de dheascaibh na n-iarrachtaí a tugadh chun é aistriú ó smacht na gcúirt mileata go mb' fhéidir go dtug coimeádaithe an phríosún trúig luathbháis dom athair, agus d'fhonn a gcuirbtheacht féin a cheilt gur leathadar an ráfla ar é d'á bhású féin d'á dheoin. Is dearbh nach é mo ghnó-sa iad a shaoradh ó mhilleán. Ach is bás d'á dheoin féin a fuair sé do réir mar chreidim ó'n ní a bhí beartaithe aige sular fhág sé an Fhrainnc, agus ab eol dúinn-ne, de bhrí na leitreach deiridh a scríobh sé. Agus ní dócha go ndéanfadh an Major Sandys agus a ghiollaí oilte dúnmharbhú chómh haimhchliste sin agus go mairfeadh fear fulangtha a ngníomh go ceann ocht lá 'na ndiaidh. Má's mar adubhart a thárlaidh ní fhéadfar a mheas gur ídiú air féin an bás a fuair sé ; ní raibh ann ach beartú an aigne uasail chun fíoch a namhad a chur ar neimhní le n-a ghníomh féin, agus chun masla a lámh a sheachaint.

Ach ar an taobh eile ní féidir a shéanadh ná gur mhaith an dóigh chun a leithéid a dhéanamh na fir úd. Ní fhuair an pobal de scéala ar bhás m'athar ach an tuairisc a thugadar súd uatha, níor leigeadh aoinne 'na ghoire tar éis a ghonta, ná fear leighis ar bith ach láimhliagh an phríosúin, eachtranach, agus fear imrighe ó'n bhFrainnc. Cad chuige nár cuireadh coiste crónaera ar siubhal ós cionn a chuirp, dála mar deineadh le Mac Siachais san gcúirt mar ar éag sé. Ba

neamhurraimeach agus b'ainspianta thar fóir an tslí a chuir an dream mileata i n-aghaidh barántais an Phrímhbhreithimh agus níor admhuigheadar créacht an phríosúnaigh nó gurbh éigean dóibh géilleadh tré dhaingneacht Tighearna Kilwarden, bíodh, do réir a dtuairisc féin, go ndearnadh an lot air i rith na hoidhche roimhe sin. Arbh fhéidir, ar eagla go gcuirfeadh na cúirteanna amuich bacadh leo, gur bhrostuigheadar an bás chuige? nó rud dob arrachtaighe fós, géillimís gur loit sé é féin, ar cheapadar an méid sin a cheilt d'fhonn a ndíoghaltas spriúnlaithe fíochmhar féin a shásamh agus stainncín a dhéanamh ar a namhaid a mheas dul saor ó mhasla uatha, agus ar bheartuigheadar é stracadh leo mar bhí sé is é chur chun báis d'á lámhaibh féin? Is scéal deimhnitheach é gur leanadar d'á n-ullmhúchán nó gur chuir údaras ab aoirde cosc leo, gur ceileadh go cúramach an fhaid ab fhéidir é gur goineadh an príosúnach, agus nár leigeadh aoinne, fiú 'na dhiaidh, 'na ghoire ná chun cainnte leis ar feadh na tréimhse bhí céasadh an bháis air.

Caithfidh an léightheoir a bhreith féin a thabhairt ar gach amhras uathbhásach díobh san. Maidir leis an méid a thárlaidh laistigh de phríosún an Phrobhoist, beidh san ar rúindiamhra cuirbthighe fuilteacha an *phandemonium* úd feasta. Má's féidir coirthe chómh dubh, chómh fuilteach san a luadhadh le hionchas iad a bheith fíor, i n-aghaidh feadhmannacha an Rialtais in Éirinn ní miste a rádh gur mhaith an t-údarás é, agus gurbh fhearr ná san an deimhniú ar é bheith amhlaidh é, an foiréigean agus an míothrócaire agus na bearta aindlí gan agairt a chleachtaidís agus go dtugtaí gríosú ortha chuca. Im pháirt-se dhe níl déanta agam ach na nithe a chur síos go comhthrom is go hiomlán do réir mar tháinig an t-eolas chugainn agus gan tagairt ná tuairim uaim féin ortha.

[*Do hadhlaiceadh corp Theobald Wolfe Tone i n-uaigh a mhuinntire san roilig i mBodenstown le taoibh fhothraigh na cille atá ann. Tá cliath chosanta iarnaidhe timcheall na huaighe agus leac bheag chuimhne ós a cionn a thóg muinntir Chonntae Chill Dara.*]